



Erasmus+

Treoirleabhar

I gcás bríonna contrártha idir leaganacha i dteangacha éagsúla,

beidh forlámhas ag an leagan Béarla.

Leagan 1 (2023): 23-11-2022

Erasmus+

Clár Ábhar

CUID A – FAISNÉIS GHINEARÁLTA FAOIN gCLÁR ERASMUS+	4
CAD IAD CUSPÓIRÍ AN CHLÁIR ERASMUS+?	6
TOSAÍOCHTAÍ AN CHLÁIR ERASMUS+	7
GNÉITHE TÁBHÁCHTACHA A BHAINNEANN LEIS AN gCLÁR ERASMUS+	11
CAD É STRUCHTÚR AN CHLÁIR ERASMUS+?	16
CÉN BUISÉAD ATÁ ANN?	20
CÉ A CHUIREANN AN CLÁR ERASMUS+ CHUN FEIDHME?	21
CÉ NA COMHLACHTAÍ EILE AG A bhFUIL BAINTE LE CUR CHUN FEIDHME AN CHLÁIR?	23
TÍORTHA INCHÁILITHE	35
Cuid B – FAISNÉIS FAOI NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ A CHUMHDAÍTEAR LEIS AN TREOIR SEO	39
CÉ NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ A CHUIRTEAR I LÁTHAIR SA TREOIR SEO?	39
PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHT 1: SOGHLUAISTEACHT FOGHLAMA DAOINE AONAIR.....	41
CAD IS TIONSCADAL SOGHLUAISTEACHTA ANN?	42
Tionscadail soghluaisteachta le haghaidh mic léinn agus baill foirne ardoideachais	44
CREIDIÚNÚ ERASMUS I RÉIMSÍ AN GHAIRMOIDEACHAIS AGUS NA GAIRMOILIÚNA, AN OIDEACHAIS SCOILE AGUS AN OIDEACHAIS AOSAIGH	81
SOGHLUAISTEACHT LE hAGHAIDH FOGHLAIMEOIRÍ AGUS BAILL FOIRNE SA GHAIRMOIDEACHAS AGUS SA GHAIRMOILIÚINT	91
SOGHLUAISTEACHT LE hAGHAIDH DHALTAÍ AGUS BAILL FOIRNE SAN OIDEACHAS SCOILE.....	111
AN tSOGHLUAISTEACHT LE hAGHAIDH BAILL FOIRNE SAN OIDEACHAS AOSACH	129
AN tSOGHLUAISTEACHT FOGHLAMA I RÉIMSE NA hÓIGE	146
CREIDIÚNÚ ERASMUS I RÉIMSE NA hÓIGE	147
DEISEANNA SOGHLUAISTEACHTA LE hAGHAIDH EAGRAÍOCHTAÍ CREIDIÚNAITHE ERASMUS I RÉIMSE NA hÓIGE	153
Tionscadail soghluaisteachta do dhaoine óga – ‘Malartuithe Ógra’	156
TIONSCADAIL SOGHLUAISTEACHTA LE hAGHAIDH OIBRITHE ÓIGE	171
GNÍOMHAÍOCHTAÍ UM RANNPHÁIRTÍOCHT ÓIGE	187
TIONSCADAIL SOGHLUAISTEACHTA LE hAGHAIDH DAOINE ÓGA – ‘GNÍOMHAÍOCHT CUIMSITHE DISCOVEREU’ ..	205
SOGHLUAISTEACHT FOIRNE I RÉIMSE AN SPÓIRT.....	216
MALARTUITHE FÍORÚLA SAN ARDOIDEACHAS AGUS SAN ÓIGE.....	227
PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHT 2: COMHAR I MEASC EAGRAÍOCHTAÍ AGUS INSTITIÚIDÍ.....	236
COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ COMHAIR.....	239
COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ COMHAIR	250
COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ AR SCÁLA BEAG	261
COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ BARR FEABHAIS	270
IONAID BARR FEABHAIS GAIRME	271
GNÍOMHAÍOCHT ERASMUS MUNDUS	287

COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ UM NUÁLAÍOCHT.....	304
COMHAONTAIS AR SON NA NUÁLAÍOCHTA.....	305
TIONSCADAIL RÉAMHBHREATHNAITHEACHA.....	329
FOTHÚ ACMHAINNEACHTA SAN ARDOIDEACHAS.....	348
FOTHÚ ACMHAINNEACHTA I RÉIMSE AN GHAIRMOIDEACHAIS AGUS NA GAIRMOILIÚNA (VET).....	366
FOTHÚ ACMHAINNEACHTA I RÉIMSE NA hÓIGE.....	379
FOTHÚ ACMHAINNEACHTA I RÉIMSE AN SPÓIRT.....	387
IMEACHTAÍ SPÓIRT EORPACHA SEACHBHRABÚSACHA.....	394
PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHT 3: TACAÍOCHT D'FHORBAIRT BEARTAIS AGUS COMHAR.....	400
ÓIGE NA hEORPA LE CHÉILE.....	402
GNÍOMHAÍOCHTAÍ JEAN MONNET.....	411
GNÍOMHAÍOCHTAÍ JEAN MONNET I RÉIMSE AN ARDOIDEACHAIS.....	412
GNÍOMHAÍOCHTAÍ JEAN MONNET I RÉIMSE EILE OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA.....	428
DÍOSPÓIREACHT AR BHEARTAS JEAN MONNET.....	439
CUID C – FAISNÉIS D'IARRATASÓIRÍ.....	449
CONAS IARRATAS ERAMUS+ A CHUR ISTeach?.....	449
CÉIM 1: CLÁRÚ.....	449
CÉIM 2: AN CHOMHLÍONTACHT LE CRITÉIR AN CHLÁIR A SHEICEÁIL.....	451
CÉIM 3: NA COINNÍOLLACHA AIRGEADAIS A SHEICEÁIL.....	459
CUID D – GLUAIS TÉARMAÍ.....	474

CUID A – FAISNÉIS GHINEARÁLTA FAOIN gCLÁR ERASMUS+

Is éard atá in Erasmus+ Clár an Aontais Eorpaigh i réimsí an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt le haghaidh na tréimhse 2021-2027. Is príomhréimsí iad an t-oideachas, an oiliúint, an óige agus an spórt lena dtugtar tacaíocht do na saoránaigh ó thaobh a bhforbartha pearsanta agus gairmiúla de. Ar deireadh thiar, ach oideachas agus oiliúint ardcháilíochta chuimsitheach a chur ar dhaoine óga agus ar rannpháirtithe de gach aois, agus tríd an bhfoghlaim neamhfhoirmiúil agus sheachfhoirmiúil araon, tugtar na cáilíochtaí agus na scileanna is gá dóibh chun bheith rannpháirteach ar bhealach fiúntach sa tsochaí dhaonlathach, chun tuiscint idirchultúrtha a bheith acu agus chun aistriú go rathúil isteach sa mhargadh saothair. Mar fhorbairt ar rath an chlár sa tréimhse 2014- 2020, le Erasmus+ neartaítear iarrachtaí chun cur leis na deiseanna a thairgtear do níos mó rannpháirtithe agus do réimse níos leithne eagraíochtaí, trí dhíriú ar an tionchar cáilíochtúil atá aige agus rannchuidiú le sochaithe atá níos cuimsithí agus níos comhtháite, níos glaise agus níos oiriúnaí go digiteach.

Ní mór do shaoránaigh na hEorpa a bheith níos oilte leis an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá i sochaí ar a bhfuil athrú dinimiciúil ag teacht agus atá éirí níos soghluaiste, níos ilchultúrtha agus níos digití de réir a chéile. Ba cheart gurbh é an caighdeán é seal a chaitheamh i dtír eile chun staidéar a dhéanamh, chun dul i mbun foghlama agus chun obair a dhéanamh, agus ba cheart an deis chun dhá theanga eile anuas ar theanga dhúchais an duine a thairiscint do gach duine. Is príomh- chomhchuid é an Clár lena dtacaítear le cuspóirí an Limistéir Eorpaigh Oideachais, an Phlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021-2027, Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh agus Phlean Oibre an Aontais Eorpaigh um Spórt (2021-24).

Mar a léirigh paidéim COVID- 19, tá sé fíor- riachtanach go mbeifí in ann oideachas a rochtain, níos mó ná riamh, chun téarnamh gasta a áirithiú, agus comhionannas deiseanna do chách á chur chun cinn san am céanna. Mar chuid den phróiseas téarnaimh sin, ardaítear éirim chuimsitheach an chlár chuig leibhéal nua le Erasmus+ trí thacú le deiseanna le haghaidh forbairt phearsanta, shochoideachasúil agus ghairmiúil daoine san Eoraip agus lastall di, arb é is aidhm dó sin gan aon duine a fhágáil chun deiridh.

Chun tionchar cáilíochtúil a ghníomhaíochtaí a mhéadú agus comhionannas deiseanna a áirithiú, leis an gClár is mó agus is fearr an freastal a dhéanfar ar dhaoine nach ionann aois dóibh agus ó chúlaí cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíocha éagsúla. Is cuid lárnach den chlár é dul i bhfeidhm orthu sin ar lú na deiseanna atá acu, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumais agus imircigh, chomh maith le saoránaigh de chuid an Aontais atá ina gcónaí i limistéir iargúlta nó ag a bhfuil deacrachtaí socheacnamaíocha. Ar an mbealach sin, beidh an clár ina spreagadh do na rannpháirtithe, go háirithe daoine óga, a bheith páirteach sa tsochaí shibhialta agus foghlaim conas a bheith rannpháirteach inti, agus feachtas á múscaillt faoi luachanna coiteanna an Aontais Eorpaigh. In 2023 leanfar d'iarrachtaí an Chláir a chur i bhfeidhm chun iarmhairtí socheacnamaíocha agus iarmhairtí ar oideachas de thoradh ionradh na Rúise ar an Úcráin a mhaolú, lena n-áirítear trí thacú le tionscadail lena gcuirtear gníomhaíochtaí oideachais chun cinn agus lena n-éascaítear comhtháthú na ndaoine atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin ina dtimpeallachtaí foghlama nua, mar aon le gníomhaíochtaí lena dtacaítear le heagraíochtaí, foghlaimeoirí agus baill foirne san Úcráin.

Thairis sin, i gcomhréir le cuspóirí an Chláir Oibre Eorpaigh don Nuálaíocht maidir le tacú le forbairt tallainne chun borradh a chur faoi chumas nuálaíochta na hEorpa, chun fás agus comhtháthú inbhuanaithe a chinntiú san Eoraip amach anseo, tá sé riachtanach forbairt a dhéanamh ar scileanna digiteacha agus inniúlachtaí agus scileanna i réimsí réamhbhreathnaitheacha, mar shampla, an comhrac in aghaidh an athraithe aeráide, an fuinneamh glan, an intleacht shaorga, an róbataic, anailís ar mhórshonraí, srl. Leis an gClár is féidir rannchuidiú a dhéanamh ar bhealach suntasach ach an nuálaíocht a spreagadh agus bearna eolais, scileanna agus inniúlachtaí na hEorpa a dhruidim. Ní mór do ghnólaíochtaí de chuid an Aontais a bheith níos iomaíche tríd an tallann agus tríd an nuálaíocht. Rachaidh an infheistíocht sin a dhéanfar in eolas, i scileanna agus in inniúlachtaí chun tairbhe do dhaoine aonair, d'institiúidí, d'eagraíochtaí agus

don tsochaí ina hiomláine trí rannchuidiú leis an bhfás inbhuanaithe agus tríd an gcothromas, tríd an rathúnas agus tríd an gcuimsiú sóisialta a áirithiú san Eoraip agus lastall di.

Tá dúshlán eile ag baint leis na treochtaí uile- Eorpacha a bhaineann le rannpháirtíocht theoranta sa saol daonlathach agus leibhéil ísle eolais agus feasachta faoi ábhair Eorpacha agus faoina dtionchar ar shaol gach saoránaigh Eorpaigh. Is iomaí duine ar a bhfuil drogall páirt a ghlacadh agus a bheith rannpháirteach go gníomhach sa phobal nó i saol polaitiúil agus sóisialta an Aontais Eorpaigh, nó is amhlaidh go bhfuil deacrachtaí acu leis sin. Ar mhaithe le todhchaí an Aontais Eorpaigh, tá sé thar a bheith tábhachtach an fhéiniúlacht Eorpach agus rannpháirtíocht daoine óga i bpróisis dhaonlathacha a neartú. Is féidir díriú ar an tsaincheist sin trí ghníomhaíochtaí foghlama seachfhoirmiúla freisin, arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar scileanna agus inniúlachtaí daoine óga chomh maith lena saoránacht ghníomhach.

I gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh a bhaineann lena áirithiú go mbeidh geilleagar inbhuanaithe aige, ba cheart tionscadail a dhearadh ar bhealach éiceabhách agus gach gné de chleachtais ghlasa a ionchorprú iontu. Ba cheart d'eagraíochtaí agus do rannpháirtithe cur chuige atá neamhdhiobhálach don chomhshaol a ghlacadh agus a dtionscadail á ndearadh acu, rud a spreagfaidh iad le saincheisteanna comhshaoil a phlé agus le foghlaim fúthu, rud a chuirfidh ag smaoineamh iad faoinar féidir a dhéanamh ar a leibhéal féin agus rud a chuideoidh leo cuimhneamh ar bhealaí malartacha atá níos glaise ná mar a bhí lena ngníomhaíochtaí a chur chun feidhme.

Tá sé riachtanach tacú leis an gcomhar trasnáisiúnta agus idirnáisiúnta, agus é a éascú, idir eagraíochtaí i réimsí an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt ionas go mbeidh níos mó príomhinniúlachtaí i ndaoine, ionas go laghdófar ráta luathfhágála na scoile agus ionas go n-aithneofar na hinniúlachtaí a fhaightear tríd an bhfoghlaim fhoirmiúil, neamhfhoirmiúil agus sheachfhoirmiúil. Ar an mbealach sin, déantar scaipeadh smaointe agus seachadadh dea-chleachtas agus saineolais a éascú, agus cumais dhigiteacha a fhorbairt, rud a rannchuidíonn le hoideachas ardcháilíochta, agus an comhtháthú sóisialta á neartú san am céanna. Tá an Clár Erasmus+ ar cheann de na cláir is rathúla dá bhfuil ann san Aontas Eorpach. Leis sin cuirtear leis na héachtaí a bhaineann le ré clár Eorpach a chlúdaíonn níos mó ná 30 bliain i réimsí an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt, rud a chumhdaíonn éirim comhpháirtíochtaí laistigh den Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon.

Déantar Treoirleabhar Erasmus+ a dhréachtú i gcomhréir le Cláir Oibre bhliantúla Erasmus+ a ghlac an Coimisiún Eorpach, agus dá bhrí sin is féidir é a athbhreithniú chun na tosaíochtaí agus na modhanna oibre a shainítear a léiriú. Ina theannta sin, tá cur chun feidhme na Treorach seo faoi réir na leithreasuithe dá bhforáiltear sa dréachtbhuiséad a bheith ar fáil tar éis d'Údarás Buiséadach an Aontais an buiséad a ghlacadh le haghaidh na bliana nó dá bhforáiltear i gcóras na ndóú cuid déag shealadacha.

CAD IAD CUSPÓIRÍ AN CHLÁIR ERASMUS+?

CUSPÓIR GINEARÁLTA

Is é is cuspóir ginearálta don chlár tacú, tríd an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, le forbairt oideachais, ghairmiúil agus phearsanta daoine san oideachas, san oiliúint, san óige agus sa spórt, san Eoraip agus lastall di, sa bhealach is go rannchuideofar leis an bhfás inbhuanaithe, le poist ardcháilíochta agus leis an gcomhtháthú sóisialta, leis an nuálaíocht a spreagadh, agus le féiniúlacht Eorpach agus saoránacht ghníomhach a neartú. Mar sin, beidh an Clár ina ionstraim lárnach chun Limistéar Eorpach Oideachais a thógáil, tacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme an chomhair straitéisigh Eorpaigh i réimse an oideachais agus na hoiliúna, lena chlár oibre earnála fholuiteacha. Thairis sin, beidh sé ríthábhachtach chun an comhar maidir le beartas na hóige a chur chun tosaigh faoi Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027 agus an éirim Eorpach sa spórt a fhorbairt.

CUSPÓIRÍ SONRACHA

Tá na cuspóirí sonracha seo a leanas ag an gClár:

- soghluaisteacht foghlama daoine aonair agus grúpaí a chur chun cinn, chomh maith leis an gcomhar, leis an gcáilíocht, leis an gcuimsiú agus leis an gcothromas, leis an mbarr feabhais, leis an gcruthaitheacht agus leis an nuálaíocht ar leibhéal na n-eagraíochtaí agus na mbeartas i réimse an oideachais agus na hoiliúna;
- soghluaisteacht foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus rannpháirtíocht ghníomhach a chur chun cinn i measc daoine óga agus oibrithe óige, chomh maith leis an gcomhar, leis an gcáilíocht, leis an gcuimsiú, leis an gcruthaitheacht agus leis an nuálaíocht ar leibhéal na n-eagraíochtaí agus na mbeartas i réimse na hóige;
- soghluaisteacht foghlama ball foirne spóirt a chur chun cinn, chomh maith leis an gcomhar, leis an gcáilíocht, leis an gcuimsiú, leis an gcruthaitheacht agus leis an nuálaíocht ar leibhéal na n-eagraíochtaí spóirt agus na mbeartas spóirt.

TOSAÍOCHTAÍ AN CHLÁIR ERASMUS+

AN CUIMSIÚ AGUS AN ÉAGSÚLACHT

Leis an gClár féachtar leis an gcomhionannas deiseanna a chur chun cinn ar fud a ghníomhaíochtaí uile agus féachtar leis an rochtain, leis an gcuimsiú, leis an éagsúlacht agus leis an gcothroime a chur chun cinn freisin. Is iad na heagraíochtaí agus na rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu atá i gcróilár na gcuspóirí sin agus mar gheall orthu sin, cuirtear sásraí agus acmhainní ar fáil dóibh leis an gclár. Agus na tionscadail agus gníomhaíochtaí dá gcuid á ndearadh acu, ba cheart cur chuige cuimsitheach a bheith ag eagraíochtaí ionas go mbeidh teacht ag raon leathan rannpháirtithe orthu.

Chuide sin, tá ríthábhacht le Gníomhaireachtaí Náisiúnta freisin chun tacú le tionscadail ionas go mbeidh siad chomh cuimsitheach agus chomh héagsúil agus is féidir. Ar bhonn na bprionsabal agus na sásraí foriomlána ar an leibhéal Eorpach, tarraingeoidh Gníomhaireachtaí Náisiúnta pleananna cuimsithe agus éagsúlachta suas chun aghaidh a thabhairt ar an mbealach is fearr ar riachtanais na rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu agus chun tacú leis na heagraíochtaí atá ag obair leis na spriocghrúpaí sin ina gcomhthéacs náisiúnta. San am céanna, is amhlaidh atá Lárionaid Acmhainní SALTO a thacaíonn le cur chun feidhme an chlár ina bpríomhghníomhaithe freisin chun bearta cuimsithe agus éagsúlachta a chur chun cinn agus a rolladh amach, go háirithe a mhéid a bhaineann le faisnéis a bhailiú agus gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta a cheapadh agus a reáchtáil le haghaidh bhaill foirne na Gníomhaireachta Náisiúnta agus thairbhíthe an chlár. Mar an gcéanna, tá ról chomh tábhachtach céanna ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA) le haghaidh shnáitheanna an chlár a bhainistítear go díreach. I dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, tá ról lárnach freisin ag Toscaireachtaí an Aontais agus – i gcás inarb ann dóibh – Oifigí Náisiúnta Erasmus+ agus Pointí Fócasacha Erasmus+ chun dul i bhfeidhm ar spriocghrúpaí tríd an gclár sin agus is iad na spriocghrúpaí sin ar a dtugtar aghaidh leis an Straitéis seo.

Chun na prionsabail sin a chur chun feidhme, forbraíodh **Creat ar bhearta maidir leis an gcuimsiú¹ chomh maith le Straitéis um Chuimsiú agus Éagsúlacht²**, ina gcuimhdítear gach réimse cláir, a cheapadh chun gur fearr is féidir maoiniú a rochtain le haghaidh réimse níos leithne eagraíochtaí, agus chun gur fearr is féidir freastal ar bhreis rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu. Leis sin cuirtear an spás agus na bearta ar bun freisin le haghaidh na dtionscadal sin a dtacaítear leo trí na cláir agus atá beartaithe chun oibriú ar shaincheisteanna a bhaineann leis an gcuimsiú agus leis an éagsúlacht. Is é is aidhm don Straitéis sin cabhrú le dul i ngleic leis na bacainní a d'fhéadfadh a bheith roimh spriocghrúpaí éagsúla chun teacht ar na deiseanna sin laistigh den Eoraip agus lastall di.

Ní liosta uileghabhálach é an liosta de na bacainní féideartha sin a mhínítear go soiléir thíos agus is le tagairt a sholáthar agus gníomh a dhéanamh a ceapadh é d'fhonn cur le hinrochtaineacht daoine ar lú na deiseanna atá acu. Is féidir leis na bacainní seo a bheith ina mbac lena rannpháirtíocht ar bhonn aonair nó i gcomhar le chéile:

- **Míchumais:** Áirítear orthu sin laguithe fisiceacha, meabhracha, intleachta nó céadfacha lena bhféadfar bac a chur le rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtach duine sa tsochaí ar comhchéim le daoine eile, nuair a bhíonn ar an duine sin dul i ngleic le bacainní éagsúla³.

¹ Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún – an creat i ndáil le bearta maidir leis an gcuimsiú de chuid an chlár Erasmus+ agus chlár an Chóir Dlíthpháirtíochta Eorpaigh 2021-27: <https://erasmus-plus.ec.europa.eu/document/commission-decision-framework-inclusion-2021-27>

² Treoirínte cur chun feidhme – Straitéis um Chuimsiú agus Éagsúlacht Erasmus+ agus an Chóir Dlíthpháirtíochta Eorpaigh: https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/resources/implementation-guidelines-erasmus-and-european-solidarity-corps-inclusion-and-diversity_en

³ Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Míchumas: <https://www.un.org/development/desa/disabilities/convention-on-the-rights-of-persons-with-disabilities.html>

- **Fadhbanna sláinte:** D'fhéadfadh sé go dtiocfadh bacainní as saincheisteanna sláinte agus orthu sin áirítear géarbhreiteacht, galair ainsealacha, nó aon riocht sláinte meabhrach nó fisiceach a fhágann nach féidir a bheith rannpháirteach sa chlár.
- **Bacainní atá nasctha le córais oideachais agus oiliúna:** D'fhéadfadh sé go mbeadh bacainní roimh dhaoine aonair atá ag streachailt le dul chun cinn a dhéanamh i gcórais oideachais agus oiliúna ar chúiseanna éagsúla agus roimh luathfhágáilithe scoile, roimh dhaoine nach bhfuil oideachas, fostaíocht ná oiliúint á fháil ná á fáil acu agus roimh dhaoine fásta nach bhfuil mórán scileanna acu. D'ainneoin go bhféadfadh ról a bheith ag fachtóirí eile agus cé go bhféadfadh na deacrachtaí oideachais sin a bheith nasctha le cúinsí pearsanta freisin, eascraíonn siad den chuid is mó as córas oideachais lena gcruthaítear teorainneacha struchtúracha agus/nó nach gcuirtear riachtanais áirithe an duine san áireamh go hiomlán ann. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh bacainní rannpháirtíochta roimh dhaoine aonair nuair is deacair, de dheasca struchtúr na gcuraclam, tabhairt faoi shoghluaisteacht foghlama nó oiliúna ar an gcoigríoch mar chuid dá staidéar.
- **Difríochtaí cultúrtha:** Cé go bhféadfadh sé go bhféachfadh daoine ó aon chúlra ar dhifríochtaí cultúrtha mar bhacainní, is féidir difear ar leith a dhéanamh leo ar dhaoine ar lú na deiseanna atá acu. D'fhéadfadh na difríochtaí sin a bheith ina mbacainní suntasacha roimh an bhfoghlaim go ginearálta, agus go háirithe do dhaoine a bhfuil cúlra imircigh nó dídeanaí acu go mór mór imircigh nuathagtha, daoine ar de mhionlach náisiúnta nó eitneach iad, úsáideoirí teanga comharthaíochta, daoine ag a bhfuil deacrachtaí maidir le hoiriúnú teanga agus cuimsiú cultúrtha, srl. Má fhaightear blaiseadh de theangacha iasachta agus de dhifríochtaí cultúrtha le linn páirt a ghlacadh in aon chineál gníomhaíochtaí cláir, is féidir go gcuirfear as do dhaoine aonair agus go gcuirfear teorainn ar bhealach éigin le tairbhí a rannpháirtíochta. Agus de dheasca na ndifríochtaí cultúrtha sin, d'fhéadfadh sé go gcuirfí cosc fiú amháin ar rannpháirtithe féideartha iarratas a dhéanamh ar thacaíocht tríd an gclár, rud a bheadh ina bhacainn iontrála ar fad.
- **Bacainní sóisialta:** D'fhéadfadh deacrachtaí oiriúnaithe sóisialta amhail inniúlachtaí sóisialta teoranta, iompraíochtaí ardriosca nó frithshóisialta, ciontóirí (roimhe sin), úsáideoirí drugaí nó alcóil (roimhe sin), nó an t-imeallú sóisialta a bheith ina mbacainn. D'fhéadfadh bacainní sóisialta eile eascairt as cúinsí teaghlach, mar shampla a bheith ar an gcéad duine sa teaghlach le hardoideachas a fháil nó a bheith i do thuismitheoir (go háirithe thuismitheoir aonair), i do chúramóir, i do shaothraí nó i do dhílleachta, nó a bheith i ndiaidh seal a chaitheamh i do chónaí faoi chúram institiúideach nó a bheith i do chónaí faoi chúram institiúideach.
- **Bacainní eacnamaíocha:** D'fhéadfadh sé go mbeadh míbhuntáiste eacnamaíoch ina bhacainn, is é sin, míbhuntáiste amhail caighdeán mhaireachtála ísle, ioncam íseal, foghlaimeoirí nach mór dóibh obair a dhéanamh chun tacú leo féin, a bheith spleách ar an gcóras leasa shóisialaigh, a bheith dífhostaithe go fadtéarmach, a bheith i gcásanna forbhasacha nó i ngreim ag an mbochtaineacht, a bheith gan dídean, i bhfiacha nó i gcruachás airgeadais, srl. D'fhéadfadh sé go dtiocfadh deacrachtaí eile as inaistritheacht teoranta seirbhísí (go háirithe tacaíocht do dhaoine ar lú na deiseanna atá acu) nach mór a bheith 'soghluaiste' mar aon leis na rannpháirtithe agus iad ag dul i bhfad ar shiúl nó, go mór mór, ar an gcoigríoch.
- **Bacainní atá nasctha leis an idirdhealú:** Is féidir le bacainní a bheith ann de dheasca idirdhealuithe atá nasctha le hinscne, le haois, le tionscnamh eitneach, le reiligiún, le creidimh, le treoshuíomh gnéasach, le míchumas, nó le fachtóirí trasnacha (meascán de dhá cheann de na bacainní idirdhealaithe atá luaite nó níos mó).
- **Bacainní geografacha:** Dá mbeadh cónaí ar dhuine i gceantair thuaithe nó iargúlta, ar oileáin bheaga nó i réigiúin fhorimeallacha/sna réigiúin is forimeallaí⁴, i mbruachbhailte uirbeacha, i gceantair nach bhfuil chomh seirbhísithe

⁴ Comhaireann an tAontas Eorpach 9 réigiún is forimeallaí. Is iad sin, na hAsóir agus Maidéara (an Phortaingéil), Guadalúip, Guáin na Fraince, Martinique, Mayotte agus La Réunion agus Saint Martin (an Fhrainc) agus na hOileáin Chanáracha (an Spáinn).

sin (iompar poiblí teoranta, gan mórán áiseanna) nó i gceantair lagfhorbartha i dtíortha nach bhfuil san Aontas, srl., d'fhéadfadh sin a bheith ina bhacainn.

CLAOCHLÚ DIGITEACH

Thug paindéim COVID-19 léargas breise ar thábhacht an oideachais dhigitigh le haghaidh an chlaohlaithe dhigitigh is gá san Eoraip. Go háirithe, chuir an ghéarchéim i dtábhacht go bhfuil gá méadaithe le tarraingt ar chumas teicneolaíochtaí digiteacha maidir le teagasc agus foghlaim agus scileanna digiteacha a fhorbairt do chách. I gcomhréir le tosaíochtaí straitéiseacha **an Phlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach (2021-2027)**⁵, is é is aidhm don Chlár tacú leis an iarracht sin chun páirt a thabhairt d'fhoghlaimeoirí, oideoirí, oibrithe óige, daoine óga agus eagraíochtaí sa chonair i dtreo claochlú digiteach.

Leis an gclár tacófar leis an gcéad tosaíocht straitéiseach de chuid an Phlean Gníomhaíochta, forbairt éiceachórais oideachais dhigitigh ardfheidhmíochta, trí fhothú acmhainneachta agus tuisceana criticiúla i ngach cineál institiúid oideachais agus oiliúna maidir le conas is féidir leas a bhaint as na deiseanna a thairgeann teicneolaíochtaí digiteacha le haghaidh an teagaisc agus na foghlama ar gach leibhéal agus le haghaidh gach earnála agus le pleananna claochlaithe dhigitigh institiúidí oideachais a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Leis an gclár tacófar leis an dara tosaíocht straitéiseach de chuid an Chláir Gníomhaíochta freisin, trí thacú le gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh scileanna digiteacha agus forbairt inniúlachta a fheabhsú ar gach leibhéal den tsochaí agus do chách (lena n-áirítear daoine ar lú na deiseanna atá acu, mic léinn, cuardaitheoirí poist agus oibreoirí). Beifear ag díriú ar bhunscileanna agus ardsbileanna digiteacha araon a chothú chomh maith le litearthacht dhigitigh, rud atá tagtha chun bheith fíor-riachtanach sa saol laethúil agus lena chur ar a gcumas do dhaoine a mbealach a dhéanamh ar domhan atá lán d'algartaim agus páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí shibhialta agus sa daonlathas.

I gcomhréir leis an dá tosaíocht straitéiseacha sin de chuid an Phlean Gníomhaíochta, bunófar Mol Eorpach maidir leis an Oideachas Digiteach chun comhar maidir le hoideachas digiteach a threisiú ar leibhéal an Aontais agus rannchuidiú le malartú taighde dea-chleachtais, comhchruthú agus turgnamh. Is é is aidhm don Mhol tacú leis na Ballstáit trí chomhar trasearnála níos gaire ag tabhairt aghaidh ar an oideachas digiteach i gcomhthéacs foghlama ar feadh an tsaoil. Nascfaidh an Mol údarais náisiúnta, an earnáil phríobháideach, saineolaithe, taighdeoirí, soláthraithe oideachais agus oiliúna agus an tsochaí shibhialta a nascadh trí bheartais agus cleachtais a fhorbairt ar bhealach níos gasta san oideachas digiteach.

Leis an gClár, ba cheart freastal a dhéanamh ar spriocghrúpa níos mó laistigh agus lastall den Aontas araon ach úsáid bhreise a bhaint as uirlisí faisnéise, cumarsáide agus teicneolaíochta, úsáid chomhcheangailte a bhaint as an tsoghluaisteacht fhisiceach agus as an bhfoghlaim fhíorúil agus as an gcomhar fíorúil.

AN COMHSHAOL AGUS AN COMHRAC IN AGHAIDH AN ATHRAITHE AERÁIDE

Is príomhthosaíochtaí iad an comhshaol agus gníomhaíocht aeráide le haghaidh an Aontais, anois agus amach anseo. Tá **Teachtaireacht an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip**⁶ ar an straitéis fáis nua Eorpach agus aithnítear léi an príomhról atá ag scoileanna, institiúidí oiliúna agus ollscoileanna chun dul i dteagmháil le daltaí, le tuismitheoirí agus leis an

⁵ https://ec.europa.eu/education/education-in-the-eu/digital-education-action-plan_en

⁶ https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/european-green-deal_en

bpobal níos leithne maidir leis na hathruithe is gá le haghaidh aistriú rathúil chun bheith neodrach ó thaobh aeráide de faoi 2050. Anuas air sin, sa **Mholadh ón gComhairle chun foghlaim a spreagadh don aistriú glas**⁷ cuirtear i dtábhacht an gá atá le deiseanna a sholáthar d'fhoghlaimeoirí de gach aois chun foghlaim faoin ngéarchéim aeráide agus faoin inbhuanaitheacht in oideachas foirmiúil agus seachfhoirmiúil araon, agus chun an fhoghlaim don aistriú glas a dhéanamh mar thosaíocht i mbeartais agus cláir oideachais agus oiliúna. Ba cheart don inbhuanaitheacht a bheith mar chuid de réimse iomlán an oideachais agus na hoiliúna, agus curaclaim, forbairt ghairmiúil le haghaidh oideachasóirí chomh maith le foirgnimh, bonneagair agus oibríochtaí san áireamh. Beidh an clár Erasmus + mar ionstraim ríthábhachtach chun an t-eolas, na scileanna agus na meonta maidir le hathrú aeráide a fhorbairt agus chun tacú le forbairt inbhuanaithe laistigh den Aontas Eorpach agus lastall de araon. Leis an gClár méadófar an líon deiseanna soghluaisteachta i réimsí réamhbhreathnaitheacha glasa, a chothaíonn forbairt inniúlachtaí, a fheabhsaíonn ionchais ghairme agus a thugann páirt do rannpháirtithe i réimsí atá straitéiseach maidir le fás inbhuanaithe agus aird ar leith á tabhairt ar fhorbairt tuaithe (feirmeoireachta inbhuanaithe, bainistíocht acmhainní nádúrtha, cosaint ithreach, bith-thalmhaíocht). Thairis sin, le Erasmus+, agus an tsoghluaisteacht ina chroílár, ba cheart féachaint leis an neodracht charbóin a bhaint amach trí mhodhanna iompair inbhuanaithe agus iompraíocht atá níos freagraí ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn.

Beidh an comhshaoil agus an comhrac in aghaidh téimh domhanda mar thosaíocht chothrománach maidir le roghnú na dtionscadal. Tabharfar tosaíocht do thionscadail arb é is aidhm dóibh inniúlachtaí a fhorbairt in earnálacha glasa éagsúla, agus iad sin faoi chuimsiú an rannchuidithe ón oideachas agus ón gcultúr le spriocanna forbartha inbhuanaithe, scileanna, straitéisí agus modheolaíochtaí earnála glasa a fhorbairt, curaclaim atá dírithe ar an todhchaí san áireamh, chomh maith le tionscnaimh lena dtacaítear le cineálacha cur chuige pleanáilte na n-eagraíochtaí rannpháirteacha maidir le hinbhuanaithe comhshaoil.

Leis an gclár tacaítear le húsáid cleachtas nuálach ionas gur fíorpháirtithe an athraithe iad foghlaimeoirí, baill foirne agus oibrithe óige (mar shampla, acmhainní a shábháil, úsáid fuinnimh, dramháil agus an lorg carbóin a laghdú, glacadh le roghanna bia agus soghluaisteachta inbhuanaithe, srl.). Ina theannta sin, tabharfar tosaíocht do thionscadail lenar féidir – trí ghníomhaíochtaí oideachais, oiliúna, óige agus spóirt – athruithe iompraíochta a dhéanamh le haghaidh roghanna aonair, luachanna cultúrtha agus feasacht agus chun tacú le rannpháirtíocht ghníomhach le haghaidh forbairt inbhuanaithe ar bhealach níos ginearálta.

Dá bhrí sin, ba cheart do na heagraíochtaí agus do na rannpháirtithe atá páirteach féachaint le cleachtais ghlasa a ionchorprú i ngach tionscadal agus an ghníomhaíocht á dearadh acu, rud a spreagfaidh iad chun saincheisteanna comhshaoil a phlé agus le foghlaim fúthu, smaoineamh faoi ghníomhaíochtaí ar an leibhéal áitiúil agus cuimhneamh ar bhealaí malartacha atá níos glaise lena ngníomhaíochtaí a chur chun feidhme.

Le hardáin ar nós an Ardáin Eorpaigh um Oideachas Scoile (agus Ríomhnascadh san áireamh) agus EPALE, leanfar d'ábhair thacaíochta a chur ar fáil agus d'éascaíocht a dhéanamh do mhalartú cleachtas agus beartas oideachais éifeachtach maidir le hinbhuanaithe comhshaoil. Is cumhachtach an uirlis é Erasmus+ freisin chun dul i dteagmháil le réimse leathan gníomhaithe sa tsochaí agus le páirt a thabhairt do dhaoine (scoileanna, ollscoileanna, soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna, eagraíochtaí óige agus spóirt, eagraíochtaí neamhrialtasacha, údaráis áitiúla agus réigiúnacha, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, srl.) a d'fhéadfadh a bheith ina bpáirtithe gníomhacha san aistriú i dtreo aeráidneodrachta faoi 2050.

⁷ <https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-9242-2022-INIT/en/pdf>

RANNPHÁIRTÍOCHT SA SAOL DAONLATHACH, LUACHANNA COMHCHOITEANNA AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT SHIBHIALTA

Leis an gclár Erasmus+ tugtar aghaidh ar rannpháirtíocht theoranta na saoránach ina bpróisis dhaonlathacha agus ar an easpa eolais atá acu faoin Aontas Eorpach, agus féachtar le cabhrú leo na deacrachtaí a bhaineann le páirt a ghlacadh agus le bheith rannpháirteach go gníomhach sa phobal nó i saol polaitiúil agus sóisialta an Aontais a shárú. Tá sé ríthábhachtach, le haghaidh thodhchaí an Aontais, le tuiscint na saoránach ar an Aontas Eorpach a neartú ó aois luath. I dteannta oideachas foirmiúil, le foghlaim sheachfhoirmiúil is féidir tuiscint na saoránach ar an Aontas Eorpach a fheabhsú agus a mbraistint chomhuintearais a chothú leis.

Tacaíonn an Clár leis an tsaoránacht ghníomhach agus leis an eitic san fhoghlaim ar feadh an tsaoil; cothaítear forbairt inniúlachtaí sóisialta agus idirchultúrtha leis chomh maith le forbairt na smaointeoireachta criticiúla agus na litearthachta sna meáin. Tugtar tosaíocht do thionscadail lena dtairgtear deiseanna do dhaoine a bheith rannpháirteach sa saol daonlathach chomh maith le deiseanna le haghaidh rannpháirtíocht saoránach agus shóisialta trí ghníomhaíochtaí foghlama foirmiúla nó neamhfhoirmiúla. Díreann ar fheasacht a mhúscailt faoi chomhthéacs an Aontais Eorpaigh agus ar an tuiscint ar an gcomhthéacs sin a mhéadú, go háirithe a mhéid a bhaineann le luachanna coiteanna an Aontais, prionsabail na haontachta agus na héagsúlachta, mar aon lena n-oidhreacht stairiúil, chultúrtha agus shóisialta.

I réimse na hóige, dearadh Straitéis Rannpháirtíochta Óige⁸ chun creat coiteann a sholáthar agus tacú le húsáid an chlár chun rannpháirtíocht óige a chothú sa saol daonlathach. Is é is aidhm don Straitéis cáilíocht rannpháirtíocht na hóige sa Chlár a fheabhsú agus cuireann sí le príomhdhoiciméid maidir le Beartas Óige an Aontais Eorpaigh, ar nós Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh agus Spriocanna Eorpacha don Óige. Gabhann Foireann Uirlisí na hÓige⁹ leis an Straitéis agus is é is aidhm di, i dtéarmaí praiticiúla, rannpháirtíocht daoine óga i ngach ceann de ghníomhaíochtaí an Chláir a fheabhsú, trí eolas, moltaí, uirlisí agus treoraíocht phraiticiúil a roinnt. Tá modúil mar chuid den fhoireann uirlisí ina ndírítear ar an mbealach leis na tosaíochtaí cothrománacha a chumhdach sna tionscadail.

GNÉITHE TÁBHÁCHTACHA A BHAINNEANN LEIS AN GCLÁR ERASMUS+

Is fiú aird ar leith a thabhairt ar na gnéithe seo a leanas den Chlár:

COSAINN, SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT NA RANNPHÁIRTITHE

Tá cosaint agus sábháilteacht na rannpháirtithe lena bhfuil baint ag tionscadail Erasmus+ ina bprionsabail thábhachtacha de chuid an Chláir. Ba cheart an deis a bheith ag gach rannpháirtí lánairbhe a bhaint as na féidearthachtaí le haghaidh forbairt agus foghlaim phearsanta agus ghairmiúil. Ba cheart an méid sin a dhearbhu i dtimpeallacht shlán ina n-urramaítear agus ina gcosnaítear cearta gach duine, a iomláine fhisiceach agus mhothúcháin, a shláinte mheabhrach agus a dhea-bhail.

Ní mór do gach eagraíocht atá rannpháirteach sa chlár nósanna imeachta agus socruithe éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun sábháilteacht, cosaint agus neamh-idirdhealú na rannpháirtithe a chur chun cinn agus a ráthú ina ngníomhaíocht. Nuair is gá, ba cheart do dhaoine fásta rannpháirtithe faoi bhun aoise a thionlacan (daltaí, foghlaimoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna (VET), daoine óga) agus gníomhaíochtaí soghluaisteacha ar bun acu. Ba cheart do na daoine fásta tionlacain a áirithiú go mbeidh cáilíocht na comhchoda foghlama den tsoghluaisteacht sách maith agus ba cheart dóibh cosaint agus sábháilteacht na rannpháirtithe faoi bhun aoise a áirithiú freisin.

⁸ <https://www.salto-youth.net/rc/participation/ypstrategy/>

⁹ <https://participationpool.eu/toolkit/>

Ina theannta sin, ní mór do gach dalta, mac léinn, oiliúnaí, printíseach, foghlaimeoir fásta, duine óg, agus ball foirne, ag a bhfuil baint le gníomhaíocht soghluaisteachta faoi gach Príomhghníomhaíocht de chuid an Chláir Erasmus+ a bheith árachaithe in aghaidh na rioscaí atá nasctha lena rannpháirtíocht sna gníomhaíochtaí sin. Leis an gclár is faoi eagraithe an tionscadail atá sé an polasaí árachais is oiriúnaí a lorg de réir an chineáil tionscadail a dhéantar agus na bhformáidí árachais atá le fáil ar an leibhéal náisiúnta. Thairis sin, níl sé riachtanach suibscríobh d'árachas tionscadalsonrach má bhíonn na rannpháirtithe cumhdaithe leis na polasaithe árachais atá ag na heagraithe tionscadail cheana féin.

I gceann ar bith de na cásanna sin, ní mór na réimsí seo a leanas a chumhdach:

- aon uair is ábhartha, árachas taistil (lena n-áirítear damáiste nó caillteanas bagáiste);
- dliteanas tríú páirtí (agus, aon uair is iomchuí, slánaíocht ghairmiúil nó árachas le haghaidh freagrachta);
- timpiste agus trombhreiteacht (lena n-áirítear neamhinniúlacht bhuan nó shealadach);
- bás (lena n-áirítear aidsúichiú i gcás tionscadail a dhéantar ar an gcoigríoch).

Más infheidhme, moltar go láidir go mbeidh Cárta Eorpach um Árachas Sláinte i seilbh rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí trasnáisiúnta. Is cárta saor in aisce é sin lena dtugtar rochtain ar chúram sláinte, a bhfuil tábhacht leighis ag baint leis agus arb é an stát a sholáthraíonn é, le linn fanacht sealadach in aon cheann de na 27 dtír de chuid an Aontais, san Íoslainn, i Lichtinstéin agus san Iorua, faoi na coinníollacha céanna agus ar an gcostas céanna (saor i dtíortha áirithe) le daoine faoi árachas sa tír sin. Tá tuilleadh faisnéise faoin gcárta agus faoi conas é a fháil le fáil ag <https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=559&langId=ga>.

Ar deireadh, má bhíonn baint ag daoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois le tionscadail, éilítear ar eagraíochtaí rannpháirteacha údarú rannpháirtíochta a fháil roimh ré óna dtuismitheoirí nó uathu sin atá ag gníomhú thar a gceann.

AN T-ILTEANGACHAS

Tá an t-ilteangachas ar cheann de bhunchlocha an tionscadail Eorpaigh agus is cumhachtach an tsiombail é de mhian an Aontais a bheith aontaithe san éagsúlacht. Is mór an ról atá ag teangacha iasachta i measc na scileanna a bheidh ina gcabhair le daoine a ullmhú ar bhealach níos fearr don mhargadh saothair agus le lántairbhe a bhaint as na deiseanna atá ar fáil. Tá sprioc leagtha síos ag an Aontas gur cheart an deis a bheith ag gach saoránach, ó aois bheag, dhá theanga iasachta ar a laghad a ghnóthú.

Ar cheann de chuspóirí sonracha an chláir tá cur chun cinn na foghlama teanga agus na héagsúlachta teanga. Tá ganntanas inniúlachtaí teanga ar cheann de na príomhbhacainní roimh an rannpháirtíocht i gclár oideachais, oiliúna agus óige Eorpacha. Is é is aidhm do na deiseanna a cuireadh ar fáil chun tacaíocht teanga a thairiscint féachaint chuige go mbeadh an tsoghluaisteacht níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí, chun feabhas a chur ar fheidhmíocht agus rannchuidiú le cuspóir sonracha an chláir dá bhrí sin.

Leis an gclár tairgfear tacaíocht foghlama teanga do rannpháirtithe a dhéanann gníomhaíocht soghluaisteachta. Is trí ardán Erasmus+ maidir le Tacaíocht Teanga ar Líne (OLS), agus é oiriúnaithe mar is gá d'earnálacha aonair, a thairgfear an tacaíocht sin den chuid is mó, ós rud é go bhfuil buntáistí foghlama teanga ag baint leis an ríomhfhoghlaim ó thaobh na rochtana agus na solúbthachta de. Le Tacaíocht Teanga ar Líne Erasmus+ (OLS), beidh rannpháirtithe in ann an t-eolas atá acu ar theangacha a mheasúnú, a chleachtadh agus a feabhas a chur air. I dtéannta OLS, is féidir go dtairgfear cineálacha eile tacaíochta teanga chun tacú le riachtanais foghlama teanga spriocghrúpaí ar leith – amhail úsáid na teanga comharthaíochta nó braille, rud is féidir a mhaoiniú tríd an gcatagóir tacaíochta thiomnaithe le haghaidh cuimsiú airgeadais.

Faoi chuimsiú thionscadail an chomhair, spreagfar teagasc teangacha agus foghlaim teangacha freisin. Ar na gníomhaíochtaí nuálaíochta agus ar na dea-chleachtais arb é is aidhm dóibh scileanna teanga a chur chun cinn, is féidir mar shampla modhanna teagaisc agus measúnaithe a áireamh chomh maith le forbairt ábhair oideolaíoch, taighde, foghlaim teanga ríomhchuidithe agus amhantair fiontraíochta ag úsáid teangacha iasachta.

Tá duaiseanna **an tSéala Eorpaigh Teanga** bunaithe ag an gCoimisiún Eorpach chun an cháilíocht a aithint, chun tacú le torthaí tionscadal sármhaith a chomhroinnt i réimse an ilteangachais, agus chun leas an phobail a chur chun cinn i bhfoghlaim teangacha. Déanfaidh Gníomhaireachtaí Náisiúnta an Séala Eorpach Teanga a dhámhachtain go bliantúil nó go leathbhliantúil ar eagraíochtaí oideachais agus oiliúna ina mbeidh tionscadal Erasmus+ a dheonaigh Gníomhaireacht Náisiúnta curtha i gcrích, agus torthaí sármhaithe faighte i réimse na foghlama teanga agus an teagaisc teanga. I dteannta an roghnúcháin i measc tionscadail lena mbaineann Erasmus+, féadfaidh an Gníomhaireacht Náisiúnta cinneadh an Séala Eorpach Teanga a dhámhachtain ar thionscnaimh eile lena gcloítear le cineálacha cur chuige nuálacha, chuimsitheacha nó uileghabhálacha i leith teagasc teangacha agus foghlaim teangacha araon.

AN ÉIRIM IDIRNÁISIÚNTA

Tá gné láidir idirnáisiúnta (is é sin, comhar le tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár) i gceist le Erasmus+ ó thaobh na soghluaisteachta, an chomhair agus gníomhaíochtaí idirphlé beartais de. Tacaíonn sé le heagraíochtaí Eorpacha dul i ngleic le dúshlán dhomhanda a tháinig chun cinn de dheasca an domhandaithe, an athraithe aeráide agus an aistrithe dhigitigh, go háirithe trí ghéarú na soghluaisteachta idirnáisiúnta agus an chomhair le tíortha nach bhfuil san Aontas agus neartaíonn sé ról an Aontais Eorpaigh mar ghníomhaí domhanda. Cuireann sé le naisc shóisialta trí shoghluaisteacht, malartuithe agus fothú acmhainneachta, solúbthacht shóisialta, forbairt an duine, infhostaitheacht agus rannpháirtíocht ghníomhach a chothú agus trí chainéil rialta le haghaidh comhar duine le duine a chinntiú trí luachanna, prionsabail agus leasanna a chur chun cinn bunaithe ar thosaíochtaí coiteanna. Trí ghníomhaíochtaí tairgtear freagra ar na dúshlán a bhaineann le cáilíocht, nuachóiriú agus infhostaitheacht trí oideachas atá níos oiriúnaí agus níos freagraí le haghaidh téarnamh socheacnamaíoch glas agus inbhuanaithe, fás agus rath i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, ag cur le forbairt an duine agus forbairt institiúideach, aistriú digiteach, fás agus poist, dea- rialachas agus síocháin agus slándáil. Tá rannpháirtíocht daoine óga i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár ina gné lárnach den phróiseas a bhaineann le sochaithe atá níos athléimní a thógáil agus atá bunaithe ar iontaoibh fhrithpháirteach agus ar thuiscint idirchultúrtha.

SCILEANNA AGUS CÁILÍOCHTAÍ A AITHINT AGUS A BHAILÍOCHTÚ

Le Erasmus+ tacaítear le huirlisí trédhearcachta agus aitheantais den Aontas le haghaidh inniúlachtaí, scileanna agus cáilíochtaí – go háirithe Europass (Dintíúir Dhigiteacha Eorpacha le haghaidh Foghlama ina measc), Youthpass, an Creat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF), an t- aicmiú Eorpach Scileanna, Inniúlachtaí, Cáilíochtaí agus Gairmeacha (ESCO), an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna (ECTS), an Creat Tagartha Eorpach um Dhearbhu Cáilíochta (EQAVET), an Clár Eorpach um Dhearbhu Cáilíochta san Ardoideachas (EQAR), an Cumann Eorpach um Dhearbhu Cáilíochta san Ardoideachas (ENQA) – chomh maith le líonraí uile- Aontais i réimse an oideachais agus na hoiliúna mar thaca ag na huirlisí sin, go háirithe an Lárionad Náisiúnta Faisnéise um Aitheantas Acadúil (NARIC), Líonraí Euroguidance, Lárionaid Náisiúnta Europass agus Pointí Comhordúcháin Náisiúnta EQF. Tá sé mar chuspóir coiteann ag na huirlisí sin a áirithiú gur fearr is féidir inniúlachtaí, scileanna agus cáilíochtaí a aithint agus gur fearr is féidir iad a thuiscint, laistigh de theorainneacha náisiúnta agus tharstu, i ngach fochóras oideachais agus oiliúna agus i ngach earnáil den mhargadh saothair, cibé acu a foghlaimíodh na scileanna sin trí mheán oideachas agus oiliúint fhoirmiúil nó trí thaithí foghlama eile (mar shampla taithí oibre; obair dheonach, foghlaim ar líne).

Chun na cuspóirí sin a chomhlíonadh, leis na huirlisí atá ar fáil ba cheart a bheith in ann feiniméin nua a chur san áireamh amhail idirnáisiúnú an oideachais agus na hoiliúna agus úsáid mhéadaithe na foghlama digití agus dintíúir a sheiceáil go digiteach, agus tacú le cruthú conairí solúbtha foghlama i gcomhréir le riachtanais agus cuspóirí foghlaimoírí. Ba cheart do na huirlisí inchomparáideacht agus iniomparthacht scileanna, inniúlachtaí agus cáilíochtaí thar theorainneacha a fheabhsú, ag cur ar chumas foghlaimoírí agus oibreoirí bogadh gan srian le haghaidh foghlama nó oibre.

Treoraíonn roinnt doiciméid sheanbhunaithe cur chun feidhme agus forbairt bhreise ar na huirlisí sin, agus Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2017 maidir leis an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí le haghaidh foghlama ar feadh an tsaoil,

Cinneadh (AE) 2018/646 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Aibreán 2018 maidir le creat coiteann le haghaidh soláthar seirbhísí níos fearr do scileanna agus do cháilíochtaí (Europass) agus Moladh ón gComhairle an 20 Nollaig 2012 maidir le bailíochtú na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla san áireamh. Anuas ar na doiciméid pholasaí chothrománacha sin, i réimse na hóige, is é is aidhm do straitéisí téamacha¹⁰ amhail Youthpass agus an Straitéis Eorpach um Oiliúint (ETS) tacaíocht bhreise a thairiscint do na forbairtí sna réimsí sin.

TIONSCADAIL CHUMARSÁIDE AGUS A DTORTHAÍ CHUN AN TIONCHAR A UASMHÉADÚ

Tá tionscadail chumarsáide mar aon lena dtorthaí thar a bheith tábhachtach chun a áirithiú go n-imreofar tionchar ar leibhéil éagsúla. Éilítear ar iarratasóirí ar mhaoiniú faoi Erasmus+ pleanáil a dhéanamh maidir lena ngníomhaíochtaí cumarsáide a bhfuil d'aidhm leo faisnéis a chomhroinnt faoina dtionscadal agus faoina dtorthaí le linn shaolré an tionscadail agus ina dhiaidh sin, ag brath ar an ngníomhaíocht. Déanfar meastóireacht ar iarratais tionscadail bunaithe ar chritéir ábhartha chun a áirithiú go gcumhdófar na gnéithe sin. Ba cheart leibhéal agus déine na ngníomhaíochtaí cumarsáide agus scaipthe a bheith i gcomhréir le cuspóirí, raon feidhme agus spriocanna na ngníomhaíochtaí éagsúla a bhaineann le Erasmus+. Tairbhíthe maoiniú Erasmus + na treoirlínte [maidir le cumarsáid chorpóraideach le haghaidh tairbhíthe tionscadail](#) a d'ullmhaigh an Coimisiún Eorpach, beidh orthu monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar rath a ngníomhaíochtaí cumarsáide, ar bhealach cáilíochtúil agus cainníochtúil araon.

Mar a shonraítear sna [treoirlínte maidir le cumarsáid chorpóraideach](#), ní mór do thairbhíthe tacaíocht an Aontais Eorpaigh a aithint go soiléir i ngach gníomhaíocht agus táirge cumarsáide agus scaipthe, cuir i gcás, imeachtaí, suíomhanna gréasáin, ábhar físe agus foilseacháin. Go sonrach, ní mór dóibh a áirithiú go mbeidh feathal an Aontais Eorpaigh san áireamh i ngach ábhar cumarsáide agus go n-urramaítear na forálacha a leagtar amach sa chomhaontú deontais nó sa chinneadh deontais¹¹. Féadfar deontas an tairbhí a laghdú mura n-urramaítear na forálacha sin.

Dearfaidh tairbhíthe straitéis cumarsáide agus plean cumarsáide trí na fachtóirí seo a leanas a chur san áireamh:

- **Cuspóirí na cumarsáide:** sainaithnítear leo cad ar mhaith leat a bhaint amach le do ghníomhaíocht cumarsáide, is é sin, feasacht a mhúscailt, luachanna sochaíocha a chur chun cinn, comhpháirtíochtaí nua a fhorbairt le haghaidh na todhchaí nó tionchar a imirt ar bheartais agus ar chleachtais;
- **An spriocphobal nó an spriocghrúpa:** sin iad na daoine ar mhaith leat freastal orthu agus a d'fhéadfadh leas a bhaint as torthaí. Bí chomh sonrach agus is féidir. Is féidir gurb é an pobal i gcoitinne, geallsealbhóirí, saineolaithe agus páirtithe leasmhara eile, cinneadóirí, na meáin srl. atá ann;
- **An cainéal agus na gníomhaíochtaí** chun freastal ar an spriocphobal: ní mór d'iarratasóirí na cainéil agus na gníomhaíochtaí is éifeachtaí agus is iomchuí dá bhfuil ann a roghnú chun riar ar riachtanais a spriocphobal roghnaithe, amhail na meáin sóisialta, imeachtaí, foilseacháin.
- **Torthaí an tionscadail** (aschuir agus torthaí) amhail treoir dea-chleachtas, uirlis nó táirge praiticiúil, tuarascáil taighde ar staidéar, an t-eolas agus na scileanna a gnóthaíodh agus mar sin de. Ba cheart freisin torthaí a chomhroinnt nó a chur chun cinn tríd an Ardán Torthaí ar Thionscadail Erasmus+ (https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/projects_ga).
- **An comhuainiú:** is amhlaidh is gá duit plean a leagan amach maidir leis an tráth a dhéanfar gníomhaíochtaí éagsúla (agus é á nascadh le plean oibre/garspriocanna), teacht ar chomhaontú faoi sprioc réalaíoch agus an tsolúbthacht a áirithiú ag brath ar dhul chun cinn an tionscadail, ar an athrú ó thaobh riachtanais an spriocphobail nó an spriocghrúpa chomh maith le forbairt beartas agus nósanna imeachta.
- **Príomhtháscairí feidhmíochta (KPIanna):** is uirlis bainistíochta luachmhar iad táscairí feidhmíochta chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn (agus coigeartuithe a dhéanamh más gá) le linn chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí cumarsáide agus scaipthe agus chun meastóireacht a dhéanamh ar a rathúla is atáthar ó

¹⁰ Tá liosta na straitéisí le fáil anseo: <https://www.salto-youth.net/>

¹¹ An treoraíocht maidir le conas sainaitheantas físeach an Choimisiúin Eorpaigh a úsáid, lena n-áirítear suaitheantas an Aontais Eorpaigh, tá sí le fáil ag https://ec.europa.eu/info/resources-partners/european-commission-visual-identity_en#documents

thaobh bhaint amach a chuspóirí de. Ba cheart do na heochairtháscairí feidhmíochta a bheith comhsheasmhach leis na Táscairí Cumarsáide Líonra corparáideach¹².

CEANGLAS ROCHTANA OSCAILTE ERASMUS+ LE HAGHAIDH ÁBHAIR OIDEACHAIS

Le Erasmus+ cuirtear rochtain oscailte aschur tionscadail chun cinn chun tacú leis an bhfoghlaim, leis an teagasc, leis an oiliúint, agus le hobair óige. Go háirithe, tá tairbhíthe Erasmus+ tiomanta d’aon acmhainn agus uirlis oideachais a tháirgtear i gcomhthéacs tionscadal a dtacaítear leo leis an gclár – doiciméid, meáin, bogearraí nó ábhair eile – a chur ar fáil saor in aisce don phobal faoi cheadúnas oscailte. Ba cheart a bheith in ann na hábhair a rochtain agus a aisghabháil go héasca gan costas ná teorainneacha, agus leis an gceadúnas oscailte ba cheart don phobal a bheith in ann an acmhainn a úsáid, a athúsáid, a oiriúnú agus a chomhroinnt. Tugtar ‘Acmhainní Oscailte Oideachais’ (OER) ar na hábhair sin. Chun an aidhm sin a bhaint amach, ba cheart na hacmhainní a uaslódáil i bhfoirm dhigiteach ineagarthóireachta, ar ardán inrochtana oscailte agus oiriúnach. Cé go moltar do thairbhíthe na ceadúnais is oscailte a chur i bhfeidhm le Erasmus+,¹³ féadfaidh tairbhíthe ceadúnais a roghnú lena gcuirtear teorainneacha áirithe i bhfeidhm, mar shampla srian a chur ar dhaoine eile úsáid tráchtála a dhéanamh, nó ceangal a chur ar dhaoine eile an ceadúnas céanna a chur i bhfeidhm ar shaothair dhíorthacha, más iomchuí sin a dhéanamh ó thaobh chineál an tionscadail agus an tsóirt ábhair, agus más féidir leis an bpobal an acmhainn a úsáid, a athúsáid, a oiriúnú agus a chomhroinnt go fóill féin. Tá an ceanglas rochtana oscailte éigeantach agus gan dochar do na cearta maoine intleachtúla de chuid na dtairbhíthe deontais.

ROCHTAIN OSCAILTE ERASMUS+ LE HAGHAIDH TAIGHDE AGUS SONRAÍ

Le Erasmus+ moltar do thairbhíthe aschur taighde a fhoilsiú trí chonairí rochtana oscailte, i.e. ar bhealaí atá saor in aisce nó nach mbaineann srianta rochtana ar bith eile leo. Ina theannta sin, moltar do thairbhíthe ceadúnais oscailte a chur i bhfeidhm maidir leis an aschur taighde sin. Aon uair is féidir, ba cheart sonraí a bhailítear le tionscadail a fhoilsiú i bhfoirm ‘sonraí oscailte’, is é sin, gan ceadúnas oscailte, i bhformáid oiriúnach agus ar ardán sonraí oscailte oiriúnach.

¹² Is féidir na Táscairí Cumarsáide Líonra agus an treoraíocht a thacaíonn leo a aimsiú anseo:

https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/communication_network_indicators.pdf

https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/communication_network_indicators_supporting_guide.pdf

¹³ Mar shampla na ceadúnais a mbaintear leas forleathan astu ar a dtugtar Creative Commons Attribution nó Creative Commons Attribution-Share Alike le haghaidh saothair chruthaitheacha, GNU Public License agus GNU Lesser Public License le haghaidh bunachair sonraí, nó Open Database Licence le haghaidh bunachair sonraí.

CAD É STRUCHTÚR AN CHLÁIR ERASMUS+?

Chun a chuspóirí a bhaint amach, beartaítear leis an gClár Erasmus+ na Príomhghníomhaíochtaí seo a leanas a chur chun feidhme sa tréimhse 2021- 2027:

PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHT 1 – SOGHLUAISTEACHT DAOINE AONAIR

Leis an bPríomhghníomhaíocht seo tacaítear leis an méid seo a leanas:

- **Soghluaisteacht foghlaimoirí agus ball foirne:** deiseanna do dhaltaí, do mhic léinn, d'oiliúnaithe agus do dhaoine óga agus chomh maith leis sin d'ollúna, do mhúinteoirí, d'oiliúnóirí, d'oibrithe óige, do chóitseálaithe spóirt, do bhaill foirne institiúidí oideachais agus eagraíochtaí sochaí sibhialta taithí foghlama agus/nó ghairmiúil a fháil i dtír eile;
- **Gníomhaíochtaí um rannpháirtíocht óige:** tionscnaimh áitiúla agus thrasnáisiúnta faoi stiúir an phobail áitiúil atá á reáchtáil ag grúpaí neamhfhoirmiúla daoine óga agus/nó eagraíochtaí óige chun cabhrú le daoine óga a bheith páirteach sa saol daonlathach agus foghlaim conas a bheith rannpháirteach ann, feasacht a ardú faoi luachanna coiteanna agus faoi chearta bunúsacha an Aontais Eorpaigh, daoine óga agus cinneadóirí a thabhairt le chéile ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus Eorpach, chomh maith le rannchuidiú le luachanna coiteanna an Aontais Eorpaigh;
- **Soghluaisteacht le haghaidh cóitseálaithe spóirt:** soláthraítear deis do bhaill foirne eagraíochtaí spóirt, spóirt ar an mbunleibhéal go príomha, chun a n-inniúlachtaí agus a gcáilíochtaí a fheabhsú agus scileanna nua a fháil trí shoghluaisteacht foghlama trí thréimhse a chaitheamh ar an gcoigríoch, dá bhrí sin ag cur le fothú acmhainneachta agus le forbairt eagraíochtaí spóirt. Tacaíonn an ghníomhaíocht seo le forbairt ghairmiúil cóitseálaithe agus ball foirne eile (idir bhaill foirne íoctha agus oibrithe deonacha) i spóirt ar an mbunleibhéal. Féadfaidh baill foirne atá páirteach i spóirt nach bhfuil ar an mbunleibhéal, agus iad siúd atá páirteach i ngairmeacha spóirt agus i ngairmeacha nach mbaineann leis an spóirt araon, an tionchar foghlama agus an malartú eolais le haghaidh baill foirne agus eagraíochtaí spóirt ar an mbunleibhéal a fheabhsú freisin san áireamh. Féadfar tacú le deiseanna soghluaisteachta foghlama do bhaill foirne i spóirt nach bhfuil ar an mbunleibhéal i gcás ina bhféadfadh spóirt ar an mbunleibhéal tairbhiú de rannpháirtíocht ball foirne den sórt sin.
- **DiscoverEU:** gníomhaíocht faoina soláthraítear deis do dhaoine atá 18 mbliana d'aois taithí taistil aonair nó i ngrúpa ar fud na hEorpa a bheith acu. Mar ghníomhaíocht foghlama neamhfhoirmiúla, is é is aidhm do DiscoverEU muintearas don Aontas Eorpach a chothú sna rannpháirtithe agus ligean dóibh éagsúlacht chultúrtha na hEorpa a fhiosrú. Féachann sé freisin le scileanna agus inniúlachtaí a thabhairt do na daoine óga a mbainfidh luach leo ina saol amach anseo, agus iad a spreagadh chun glacadh leis an taisteal inbhuanaithe go háirithe agus le coinsias comhshaoil go ginearálta. Tá gníomhaíocht ghinearálta mar chuid de DiscoverEU, ar féidir le daoine óga cur isteach go díreach uirthi ar Thairseach Eorpach na hÓige, chomh maith le gníomhaíocht cuimsithe. Díritear i nGníomhaíocht Cuimsithe DiscoverEU ar dhaoine óga ar lú na deiseanna atá acu chun a rannpháirtíocht in DiscoverEU a éascú ionas go mbeidh sí ar comhcheim lena bpiaraí.
- Leis an gclár tairgfear **deiseanna foghlama teanga** do rannpháirtithe a dhéanann gníomhaíocht soghluaisteachta ar an gcoigríoch. Is tríd an uirlis ar a dtugtar Tacaíocht Teanga ar Líne (OLS) Erasmus+, agus í oiriúnaithe mar is gá d'earnálacha aonair, a thairgfear an tacaíocht sin den chuid is mó, ós rud é go bhfuil buntáistí foghlama teanga ag baint leis an ríomhfhoghlaim ó thaobh na rochtana agus na solúbthachta de. I gcásanna ar leith, nuair nach bhfuil an fhoghlaim ar líne ar an uirlis is fearr chun freastal ar an spriocghrúpa, tairgfear cineálacha breise tacaíochta teanga.
- **Malartuithe fíorúla san ardoideachas agus san óige:** gníomhaíochtaí ar líne duine le duine a chuireann forbairt idirphlé chultúrtha agus scileanna boga chun cinn idir daoine ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gclár, ó Bhallstáit de chuid AE nó ó thíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gclár. Déantar na gníomhaíochtaí sin i ngrúpaí beaga agus déanann éascaitheoir ar a bhfuil oiliúint modhnóireacht ar an gníomhaíocht i gcónaí.

PRÍOMHGHNIOMHAÍOCHT 2 – COMHAR I MEASC EAGRAÍOCHTAÍ AGUS INSTITIÚIDÍ

Leis an bPríomhghníomhaíocht seo tacaítear leis an méid seo a leanas:

Comhpháirtíochtaí maidir leis an gComhar, lena n-áirítear:

- **Comhpháirtíochtaí Comhair:** Is é is príomhspríoc do Chomhpháirtíochtaí Comhair deis a thabhairt d’eagraíochtaí cáilíocht agus ábharthacht a ngníomhaíochtaí a mhéadú, a líonraí comhpháirtithe a fhorbairt agus a dhaingniú, a n-inniúlacht chun feidhmiú go comhpháirteach ar an leibhéal trasnáisiúnta a mhéadú, dlús a chur le hidirnáisiúnta a ngníomhaíochtaí, agus trí chleachtais agus modhanna nua a mhalartú nó a fhorbairt mar aon le smaointe a chomhroinnt agus aghaidh a thabhairt orthu.
- **Comhpháirtíochtaí ar scála beag:** is é is aidhm don ghníomhaíocht seo rochtain ar an gclár a leathnú chuig gníomhartha ar scála beag agus daoine aonair nach éasca freastal orthu i réimse an oideachais scoile, an oideachais aosaigh, an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, na hóige agus an spóirt. Agus méideanna níos lú deontais á mbronnadh ar eagraíochtaí, tréimhse níos giorra agus ceanglais riaracháin níos simplithe i gceist i gcomparáid le Comhpháirtíochtaí Comhair, is é is aidhm don ghníomhaíocht seo freastal ar eagraíochtaí ar leibhéal an ghnáthphobail agus ar nuatheachtaithe chuig an gclár, agus bacainní iontrála roimh an gclár á laghdú le haghaidh eagraíochtaí ag a bhfuil acmhainneacht eagraíochtúil níos lú.

Comhpháirtíochtaí Barr Feabhais, lena n-áirítear:

- **Ollscoileanna Eorpacha:** Leis an ngníomhaíocht seo tacaítear le teacht chun cinn líonraí institiúidí ardoideachais ón mbun aníos, rud a fhágfaidh go mbeidh an comhar trasteorann ar an gcéad leibhéal uailmhéine eile, ach straitéisí comhchoiteanna fadtéarmacha a fhorbairt le haghaidh oideachas, taighde agus nuálaíocht den scoth, bunaithe ar fhís choiteann agus ar luachanna comhroinnte;
- **Ionaid Barr Feabhais Gairme:** Tacaíonn an ghníomhaíocht seo le cur chuige ón mbun aníos i leith barr feabhais gairme ina bhfuil raon leathan geallsealbhóirí áitiúla rannpháirteach ag cur ar chumas institiúidí Gairmoideachais agus Gairmoiliúna an soláthar scileanna a chur in oiriúint go gasta chun freastal ar riachtanais eacnamaíocha agus shóisialta athraitheacha. Oibríonn siad i gcomhthéacs áitiúil áirithe, ag cruthú éiceachórais scileanna don nuálaíocht, don fhorbairt réigiúnach agus don chuimsiú sóisialta, agus ag obair le hionaid barr feabhais gairme i dtíortha eile trí líonraí comhoibríocha idirnáisiúnta. Cuireann siad deiseanna ar fáil le haghaidh oiliúint tosaigh daoine óga chomh maith le leanúint le huas- sciliú agus athsciliú daoine fásta, trí thairiscint oiliúna atá solúbtha agus tráthúil agus a fhreastalaíonn ar riachtanais margaidh soláthair dhinimiciúil, i gcomhthéacs na n-aistrithe glasa agus digiteacha;
- **Acadaimh Múinteoirí Erasmus+:** Is é is cuspóir foriomlán don ghníomhaíocht seo comhpháirtíochtaí Eorpacha de sholáthraithe oideachais agus oiliúna do mhúinteoirí a chruthú chun Acadaimh Múinteoirí Erasmus+ a chur ar bun, rud a fhorbróidh dearcadh Eorpach agus idirnáisiúnta in oideachas múinteoirí. Is Acadaimh iad sin ina mbeidh an t-ilteangachas agus leis an éagsúlacht chultúrtha i réim, ina bhforbrófar oideachas múinteoirí i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais sa bheartas oideachais, agus lena rannchuideofar le cuspóirí an Limistéir Eorpaigh Oideachais.
- **Gníomhaíocht Erasmus Mundus:** Is é is aidhm don ghníomhaíocht seo barr feabhais agus idirnáisiúnta domhanda ar institiúidí ardoideachais a chothú trí chlár staidéir – ar an leibhéal máistreachta – atá tugtha agus aitheanta go comhpháirteach ag institiúidí ardoideachais bunaithe san Eoraip, agus oscailte d’institiúidí i dtíortha eile den domhan.

Comhpháirtíochtaí um Nuálaíocht, lena n-áirítear:

- **Comhaontais ar son na Nuálaíochta:** Is é is aidhm don ghníomhaíocht seo an comhar straitéiseach a chothú idir príomhghníomhaithe san ardoideachas agus sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, sa ghnó agus sa taighde – ‘triantán an eolais’ – chun nuálaíocht agus nuachóiriú córas oideachais agus oiliúna a chothú agus an riar ceart scileanna, eolais agus inniúlachtaí á sainaithint agus á soláthar chun freastal ar éileamh an mhargaidh amach anseo in earnálacha agus i réimsí atá straitéiseach le haghaidh fhás inbhuanaithe agus iomaíochas na hEorpa;
- **Tionscadail réamhbhreathnaitheacha:** Is é is aidhm don ghníomhaíocht seo an nuálaíocht, an chruthaitheacht agus an rannpháirtíocht a chothú, chomh maith leis an bhfiontraíocht shóisialta i réimsí éagsúla den oideachas agus den

oiliúint. Beidh sí ina taca le smaointe réamhbhreathnaitheacha atá bunaithe ar phríomhthosaíochtaí Eorpacha agus a d'fhéadfadh a bheith príomhshruthaithe agus lena dtugtar ionchur chun córais oideachais agus oiliúna a fheabhsú agus beidh éifeacht nuálach shubstaintiúil aici chomh maith leis sin ó thaobh modhanna agus cleachtas de maidir le gach cineál foghlama agus suíomh rannpháirtíochta gníomhaí le haghaidh chomhtháthú sóisialta na hEorpa.

Tionscadail Fothaithe Acmhainneachta, agus an méid a leanas san áireamh:

- **Tionscadail Fothaithe Acmhainneachta i réimse an ardoideachais:** Tacaíonn an ghníomhaíocht seo le tionscadail comhair idirnáisiúnta atá bunaithe ar chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta idir eagraíochtaí atá gníomhach i réimse an ardoideachais i mBallstáit an Aontais nó i dtíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gclár agus tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gclár. Is é is aidhm do na tionscadail tacú le hábharthacht, cáilíocht, nua-aoisiú agus inrochtaineacht ardoideachais i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gclár agus na gnéithe sin mar thiománaí forbartha socheacnamaíche.
- **Tionscadail Fothaithe Acmhainneachta i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna:** Tacaíonn an ghníomhaíocht seo i réimse an Ghairmoideachais agus na Gairmoiliúna le tionscadail comhair idirnáisiúnta atá bunaithe ar chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta idir eagraíochtaí atá gníomhach i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna i mBallstáit an Aontais, i dtíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gclár, agus i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gclár. Is é is aidhm do na tionscadail tacú le hábharthacht, inrochtaineacht agus freagrúlacht córas i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gclár agus na gnéithe sin mar thiománaí forbartha socheacnamaíche.
- **Tionscadail fothaithe acmhainneachta i réimse na hóige:** leis an ngníomhaíocht seo tacaítear le comhar agus malartú i réimse na hóige idir eagraíochtaí i mBallstáit an Aontais, i dtíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gclár agus i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gclár, agus cumhdaítear gníomhaíochtaí foghlama seachfhoirmiúla, agus aird ar inniúlacht eagraíochtaí atá ag obair le daoine óga lasmuigh den fhoghlaím fhoirmiúil a mhéadú, agus rannpháirtíocht ghníomhach daoine óga á háirithiú ag an am céanna.
- **Tionscadail Fothaithe Acmhainneachta i réimse an spóirt:** Tacóidh an ghníomhaíocht le tionscadail comhair idirnáisiúnta atá bunaithe ar chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta idir eagraíochtaí atá gníomhach i réimse an spóirt i mBallstáit an Aontais nó i dtíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gclár agus i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gclár. Is é is aidhm do na tionscadail tacú le gníomhaíochtaí agus beartais spóirt i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gclár mar mhodh chun luachanna a chur chun cinn chomh maith le huirlis chun forbairt phearsanta agus shóisialta daoine aonair a chur chun cinn agus pobail níos comhtháite a thógáil.

Imeachtaí spóirt seachbhrabúsacha:

Leis an ngníomhaíocht seo tacófar le hobair ullmhúcháin, eagrúcháin agus leantach a dhéanamh le haghaidh imeachtaí spóirt seachbhrabúsacha atá eagraithe i dtír aonair amháin nó i roinnt tíortha ag eagraíochtaí seachbhrabúsacha nó comhlachtaí poiblí atá gníomhach i réimse an spóirt. Is é is aidhm do na himeachtaí sin infheictheacht na ngníomhaíochtaí spóirt a bhaineann le Erasmus+ a mhéadú chomh maith le feasacht a mhúscailt faoi ról an spóirt chun an cuimsiú sóisialta, comhionannas deiseanna agus gníomhaíochtaí fisiceacha feabhsaithe sláinte a chur chun cinn.

Le hardáin ar líne amhail **an tArdán Eorpach um Oideachas Scoile** (lena n-áirítear, **Ríomhnascadh**), **an Ríomh-Ardán don Fhoghlaim Aosach san Eoraip (EPALE)**, agus **Tairseach Eorpach na hÓige** tairgfear spásanna comhair fíorúla, bunachair sonraí aimsithe comhpháirtithe, pobail cleachtais agus seirbhísí ar líne eile do mhúinteoirí, d'oiliúnoirí, d'oibrithe óige, do lucht ceaptha beartas agus do chleachtóirí eile, agus do dhaltaí, do dhaoine óga agus d'fhoghlaimoirí fásta chomh maith leis sin san Eoraip agus lastall di.

PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHT 3 – TACAÍOCHT D'FHORBAIRT BEARTAIS AGUS COMHAR

Leis an bPríomhghníomhaíocht seo tacaítear leis an méid seo a leanas:

Gníomhaíocht **Óige na hEorpa le chéile**, (lena ndírítear ar eagraíochtaí óige ar an mbunleibhéal agus eagraíochtaí níos mó), ag tacú le comhpháirtíochtaí thar theorainneacha. Ba cheart do na gníomhaíochtaí faoin ngníomhaíocht seo rannchuidiú le leathnú na for-rochtana le haghaidh daoine óga chun éagsúlacht guthanna a chinntiú, dul i bhfeidhm ar

raon leathan daoine óga laistigh d'eagraíochtaí óige agus lasmuigh díobh agus daoine óga ar lú na deiseanna atá acu san áireamh. Ba cheart do raon cainéil thraidisiúnta agus dhigiteacha a bheith iontu agus ba cheart dóibh forbairt rannpháirtíochtaí agus líonraí a éascú, ag cumasú rannpháirtíochta agus rochtana le haghaidh eagraíochtaí neamhrialtasacha agus gluaiseachtaí óige ar an mbunleibhéal.

Ina theannta sin, leis an bPríomhghníomhaíocht sin cumhdaítear:

- Gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh cur chun feidhme chlár oibre beartais an Aontais a ullmhú agus tacú leis maidir leis an oideachas, leis an oiliúint, leis an óige agus leis an spórt, lena n-áirítear cláir oibre earnála le haghaidh an ardoideachais, an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, scoileanna agus na foghlama aosaí, agus go háirithe trí rialú agus feidhmiú na **Modhanna oscailte comhordúcháin** a éascú.
- **Tástálacha beartais** a dhéanamh faoi stiúir údaráis phoiblí ardleibhéil agus lena bhfuil baint ag trialacha allamuigh i leith bearta beartais i roinnt tíortha, bunaithe ar mhodhanna meastóireachta fóna. I gcomhréir le Straitéis Óige an Aontais Eorpach, soláthrófar tacaíocht airgeadais freisin do na struchtúir a spreagann na Meithleacha Náisiúnta a bheidh ainmnithe ag gach údarás náisiúnta faoi chuimsiú Idirphlé Óige an Aontais Eorpach ar an leibhéal náisiúnta.
- Gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh faisnéis agus eolas a bhailiú faoi chórais agus beartais oideachais, oiliúna, óige agus spóirt ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach, d'fhonn ceapadh beartais réasúnaithe a éascú. Baileofar an fhianaise agus déanfar an anailís trí **shuirbhéanna agus léann uile-Aontais nó idirnáisiúnta agus trí shaineolas téamach agus tírshonrach chomh maith leis sin**.
- Gníomhaíochtaí lena n-éascaítear an **trédhearcacht agus aithint scileanna agus cáilíochtaí, chomh maith le haistriú creidiúintí**, chun dearbhú cáilíochta a chothú, tacú le bailíochtú na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, bainistíocht scileanna agus soláthar treoraíochta. Ina theannta sin áireofar tacaíocht do chomhlachtaí nó líonraí ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach a éascaíonn malartuithe ar fud na hEorpa chomh maith le forbairt conairí foghlama solúbtha idir réimsí éagsúla den oideachas, den oiliúint agus den óige agus ar fud suíomhanna foghlama foirmiúla, seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla. Gníomhaíochtaí lena gcothaítear **idirphlé beartais le geallsealbhóirí laistigh agus lasmuigh den Aontas Eorpach** mar shampla trí chomhdhálacha, imeachtaí agus gníomhaíochtaí eile lena bhfuil baint ag lucht ceaptha beartas, cleachtóirí agus geallsealbhóirí eile i réimsí an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt, chun feasacht a mhúscaill faoi na cláir oibre beartais Eorpaigh ábhartha agus chun an Eoraip a chur chun cinn mar cheann scríbe staidéir agus taighde den scoth
- **An comhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta** ag a bhfuil saineolas agus acmhainneacht anailíseach an-aitheanta (amhail OECD agus Comhairle na hEorpa) chun tionchar agus breisluach beartas a neartú i réimsí an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt;

GNÍOMHAÍOCHTAÍ JEAN MONNET

Tacaíonn Gníomhaíochtaí Jean Monnet leis an méid a leanas:

- **Gníomhaíocht Jean Monnet i réimse an Ardoideachais:** Leis an ngníomhaíocht seo tacaítear le hInstitiúidí Ardoideachais laistigh agus lasmuigh den Eoraip chun an teagasc agus an taighde a chur chun cinn maidir leis an lánpháirtíocht Eorpach agus díospóireacht bheartais agus malartuithe a chur chun cinn leis an saol acadúil agus lucht ceaptha beartas maidir le tosaíochtaí beartais an Aontais. Tacaítear leis na foghniomhaíochtaí seo a leanas: **Modúl Jean Monnet:** cláir teagaisc ghearra i ndisciplín amháin nó níos mó a bhaineann le léann an Aontais Eorpaigh; **Ollúnachtaí Jean Monnet:** poist teagaisc níos faide lena mbaineann speisialtóireacht i léann an Aontais Eorpaigh le haghaidh ollúna ollscoile aonair; **Ionaid Barr Feabhais Jean Monnet:** pointí fócasacha lena mbailítear eolas saineolaithe ardleibhéil i ndisciplíní éagsúla a bhaineann le léann Eorpacha, chomh maith le gníomhaíochtaí trasnáisiúnta agus naisc struchtúracha a fhorbairt le hInstitiúidí acadúla i dtíortha eile;
- **Gníomhaíocht Jean Monnet i réimse eile oideachais agus oiliúna:** Leis an ngníomhaíocht seo cuirtear eolas ar an Aontas Eorpach chun cinn i scoileanna agus in institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna i mBallstáit an Aontais agus i dtíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Is é is aidhm di deiseanna a thairiscint do sholáthraithe oideachais agus inneachar a fhorbairt agus a sholáthar d'fhoghlaimeoirí, do sholáthraithe oiliúna múinteoirí chun tacú le múinteoirí le modheolaíochtaí agus eolas cothrom le dáta ar shaincheisteanna maidir leis an Aontas Eorpach agus díospóireacht agus malartuithe a chur chun cinn idir ionadaithe scoile agus gairmoideachais agus gairmoiliúna agus geallsealbhóirí lena mbaineann maidir le foghlaim faoi ábhair an Aontais

Eorpaigh. Tacaítear leis na foghníomhaíochtaí seo a leanas: **Acadamh Múinteoirí**: tograí oiliúna struchtúrtha a dhearadh agus a thairiscint maidir le hábhair de chuid an Aontais do mhúinteoirí; **Tionscnamh Foghlama AE**: tuisceant níos fearr a chur chun cinn, san oideachas ginearálta agus sa ghairmoiliúint (ISCED 1-4).

- **Díospóireacht bheartais Jean Monnet: Líonraí Jean Monnet san Ardoideachas**, i gcomhréir le téama sonracha atá nasctha le tosaíocht de chuid an Choimisiúin, déanfaidh siad torthaí taighde, inneachar cúrsaí agus taithí, táirgí (staidéir, airteagail, inneachar cúrsaí, srl.) a bhailiú, a roinnt agus a phlé i measc comhpháirtithe. **Líonraí le haghaidh réimsí oideachais agus oiliúna eile**, malartú dea-chleachtas agus tabhairt faoin gcomhtheagasc laistigh de ghrúpa tíortha;
- **Tacaíocht d'institiúidí ainmnithe**: Leis an ngníomhaíocht tacaítear le hinstiúidí a fhéachann le leas Eorpach a shaothrú, agus seirbhísí ardcháilíochta i réimsí ábhair tosaíochta sonracha á soláthar don Aontas, dá Bhallstáit agus do na saoránaigh. Is éard atá i gceist le príomhimeachtaí agus for-rochtain na n-institiúidí sin ná taighde, lena n-áirítear bailiú sonraí agus anailís a dhéanamh ar na sonraí sin chun beartais atá le teacht a ullmhú, teagasc in situ agus ar líne do bhaill foirne atá le teacht chuig na heagraíochtaí idirnáisiúnta agus do sheirbhísigh shibhialta go háirithe i réimsí dlíthiúla agus bainistíochta, imeachtaí a eagrú faoi shaincheistean tosaíochta don Aontas agus torthaí sonracha agus faisnéis ghinearálta a scaipeadh don phobal i gcoitinne.

CÉN BUISÉAD ATÁ ANN?

Is ionann imchlúdach airgeadais táscach foriomlán an chláir agus EUR 26 bhilliún¹⁴ de Bhuiséad an Aontais le haghaidh na seacht mbliana (2021- 2027). Is é an tÚdarás Buiséadach a ghlacann an buiséad bliantúil. Is féidir na céimeanna éagsúla a bhaineann le glacadh bhuiséad an Aontais a leanúint ag:

https://ec.europa.eu/info/strategy/eu-budget/how-it-works/annual-lifecycle_en

Chun faisnéis a fháil faoin mbuiséad atá ar fáil de réir gníomhaíochta, féach Clár Oibre Bliantúil Erasmus+ 2023:

(https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/resources/documents/annual-work-programmes_ga)

¹⁴ Go táscach, tá imchlúdach airgeadais an chláir socraithe ag EUR 24.574 billiún i bpraghsanna reatha agus breisiú eile EUR 1.7 billiún i bpraghsanna 2018

CÉ A CHUIREANN AN CLÁR ERASMUS+ CHUN FEIDHME?

AN COIMISIÚN EORPACH

Is é an Coimisiún Eorpach atá freagrach sa deireadh as an gClár Erasmus+ a reáchtáil. Bainistíonn sé an buiséad agus déanann sé tosaíochtaí, spriocanna agus critéir a leagan síos go leanúnach le haghaidh an Chláir. Thairis sin, treoraíonn sé cur chun feidhme ginearálta, obair leantach agus meastóireacht an Chláir ar an leibhéal Eorpach agus déanann sé monatóireacht air sin. Ina theannta sin, is ar an gCoimisiún Eorpach atá an fhreagrach fhoriomlán as maoirseacht agus comhordú a dhéanamh ar na struchtúir atá i gceannas ar an gClár a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta.

AN GHNÍOMHAIREACHT FEIDHMIÚCHÁIN EORPACH UM OIDEACHAS AGUS CULTÚR (EACEA)

Ar an leibhéal Eorpach, is í an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA) de chuid an Choimisiúin Eorpaigh atá freagrach as roinnt gníomhaíochtaí de chuid an Chláir Erasmus+ a chur chun feidhme. Cuireann EACEA an clár chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach. I dtéannta na faisnéise atá sa Treoir seo, na doiciméid ghlaao agus na foirmeacha iarratais ábhartha le haghaidh na ngníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an Treoir seo agus a bhainistíonn an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin, foilsítear iad sa Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana: <https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/portal/screen/home>.

Tá an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin i gceannas ar shaolré iomlán na dtionscadal sin a bhainistiú, idir an Clár a chur chun cinn, meastóireacht a dhéanamh ar na hiaratais ar dheontas, monatóireacht a dhéanamh ar thionscadail, agus tionscadail agus torthaí an Chláir a scaipeadh. Is í atá freagrach as glaonna sonracha ar thograí a sheoladh freisin i ndáil le gníomhaíochtaí áirithe de chuid an chláir nach gcumhdaítear leis an treoir seo.

Tá an Coimisiún Eorpach, go háirithe tríd an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin, freagrach as an méid seo a leanas freisin:

- staidéar a dhéanamh sna réimsí a dtacaítear leo leis an gClár;
- taighde agus gníomhaíochtaí fianaisebhunaithe a dhéanamh tríd an Líonra um Fhaisnéis Oideachais sa Chomhphobal Eorpach (Eurydice);
- feabhas a chur ar infheictheacht agus tionchar sistéamach an chláir trí gníomhaíochtaí scaipthe agus saothraithe a dhéanamh maidir le torthaí an chláir;
- a áirithiú go ndéanfar bainistíocht chonarthach agus maoiniú ar na comhlachtaí agus ar na líonraí a dtacaítear leo leis an gClár Erasmus+;
- glaonna ar thairiscintí a bhainistiú chun seirbhísí a sholáthar faoi chuimsiú an Chláir.

NÁ GNÍOMHAIREACHTAÍ NÁISIÚNTA

Déantar an Clár Erasmus+ a chur chun feidhme mar bhainistíocht indíreach den chuid is mó, rud a chiallaíonn go bhfágann an Coimisiún Eorpach cúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid faoi Gníomhaireachtaí Náisiúnta. Is é an bunús atá taobh thiar den chur chuige sin go rachfar i bhfeidhm a oiread agus is féidir ar na tairbhíthe le Erasmus+ agus go n-oiriúnófar d'éagsúlacht córas oideachais, oiliúna agus óige náisiúnta. Chun na críche sin, tá Gníomhaireacht Náisiúnta amháin nó níos mó ceaptha ag gach Ballstát de chuid AE nó gach tír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár (chun na sonraí teagmhála a fháil, féach an nasc seo a leanas: https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/contact_en). Déanann na Gníomhaireachtaí Náisiúnta sin an clár a chur chun cinn agus a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus gníomhaíonn siad mar an nasc idir an Coimisiún Eorpach agus eagraíochtaí rannpháirteacha eile ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Is iad seo a leanas na cúraimí atá orthu:

- eolas iomchuí a sholáthar faoin gClár Erasmus+;
- próiseas roghnúcháin cothrom trédhearcach a riar le haghaidh na n-iarratas tionscadail atá le maoiniú ina dtír;
- monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an chláir ina dtír;
- tacaíocht a sholáthar d'iarratasóirí tionscadail agus d'eagraíochtaí rannpháirteacha le linn shaolré an tionscadail;
- dul i gcomhar go héifeachtach le líonra gach Gníomhaireachta Náisiúnta agus leis an gCoimisiún Eorpach;

- infheictheacht an Chláir a chur chun cinn agus a chinntiú;
- scaipeadh agus saothrú thorthaí an chláir a chur chun cinn ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta.

Ina theannta sin, tá ról tábhachtach ag na Gníomhaireachtaí Náisiúnta mar struchtúir idirmheánacha le haghaidh fhorbairt beartais agus chur chun feidhme an Chláir Erasmus+ trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- tionscadail agus gníomhaíochtaí a chur i gcrích, amhail Gníomhaíochtaí maidir leis an Oiliúint, leis an gComhar agus le Líonrú – lasmuigh de na cúraimí a bhaineann le bainistíocht shaolré an tionscadail – lena dtacaítear le cur chun feidhme cáilíochtúil an chláir agus/nó lena spreagtar forbairtí beartais sna réimsí a dtacaítear leo leis an gclár;
- cur chuige tacúil a sholáthar do nuatheachtaithe, d’eagraíochtaí ag a bhfuil níos lú taithí agus do spriocghrúpaí ar lú na deiseanna atá acu, chun na bacainní roimh rannpháirtíocht iomlán sa chlár a bhaint;
- an comhar a lorg le comhlachtaí seachtracha agus le húdaráis Náisiúnta chun tionchar an chláir a mhéadú ina réimsí gníomhaíochta ar leith, ina dtír agus san Aontas Eorpach.

Is é is aidhm do chur chuige tacúil Gníomhaireachtaí Náisiúnta iarratasóirí agus tairbhíthe féideartha an Chláir a threorú trí gach céim, idir an chéad phointe teagmhála leis an gClár, an próiseas iarratais agus cur chun feidhme an tionscadail agus an mheastóireacht chríochnaitheach. Tá an cur chuige sin i gcomhréir le prionsabail chothroime agus trédhearcachta na bpróiseas roghnúcháin. Tá sé bunaithe ar an smaoineamh gur gá tacú le spriocghrúpaí an Chláir, chun comhionannas deiseanna a ráthú do chách, trí chórais chomhairliúcháin, chomhairleoireachta, mhonatóireachta, agus chóitseála atá curtha in oiriúint dá riachtanais.

Na glaonna ábhartha lena gcumhdaítear na gníomhaíochtaí a bhainistíonn Gníomhaireachtaí Náisiúnta Erasmus+, foilsítear iad ar shuíomh gréasáin Erasmus+¹⁵ agus poiblítear ar shuíomhanna gréasáin na nGníomhaireachtaí Náisiúnta iad.

¹⁵ https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/resources_en

CÉ NA COMHLACHTAÍ EILE AG A BHFUIL BAINTE LE CUR CHUN FEIDHME AN CHLÁIR?

Cé is moite de na comhlachtaí a luaitear thuas, déanann na Lárionaid Acmhainní agus na hoifigí faisnéise, na hardáin, agus na líonraí eolais agus na líonraí saineolaithe seo a leanas saineolas comhlántach a sholáthar le haghaidh chur chun feidhme an Chláir Erasmus+:

LÁRIONAID ACMHAINNÍ SALTO

Is é is aidhm do Lárionaid Acmhainní SALTO feabhas a chur ar cháilíocht agus tionchar an Chláir Erasmus+ ar leibhéal sistéamach trí shaineolas, acmhainní, faisnéis agus gníomhaíochtaí oiliúna a sholáthar i réimsí sonracha le haghaidh Gníomhaireachtaí Náisiúnta Erasmus+ agus gníomhartha eile ag a bhfuil baint le réimse an oideachais, na hoiliúna agus na hoibre óige. I measc nithe eile, áiríonn na gníomhaíochtaí sin cúrsaí oiliúna, seimineáir, ceardlanna, cuairteanna staidéir, fóraim, gníomhaíochtaí comhair agus fothaithe comhpháirtíochtaí a eagrú ar théamaí tosaíochta Erasmus+.

Féadfaidh Lárionaid Acmhainní SALTO réimsí uile an Chláir a chumhach, nó cuid díobh a chumhdach. D'fhéadfadh béim théamach nó béim réigiúnach (Tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir agus an Rúis, an Mheánmhuir Theas, Réigiún na mBalcán Thiar) a bheith ag Lárionaid Acmhainní SALTO, ag brath ar a raon feidhme gníomhaíochta. D'fhéadfadh nach gcumhdódh SALTONna réigiúnacha gníomhaíochtaí i réimse na hÓige, mar shampla.

Thairis sin, thairgeann na Lárionaid Acmhainní SALTO sraith d'uirlisí agus de bhunachair sonraí ar líne trí Shuíomh Gréasáin ÓIGE SALTO, ar nós forbheathnú ar ghníomhaíochtaí oiliúna Eorpacha le haghaidh oibrithe óige san Fhéilire Oiliúna Eorpach; uirlisí agus modhanna le haghaidh gníomhaíochtaí oideachasúla; deiseanna foghlama ar líne; bunachair sonraí oiliúnóirí agus daoine acmhainne i réimse na oibre óige; agus an fhéidearthacht chun eagraíochtaí comhpháirtíochta a lorg. D'fhéadfadh monatóireacht a dhéanamh ar éachtaí, taithí agus ceachtanna a foghlamaíodh sna réimsí sonracha, agus iad a chur i láthair, a bheith san áireamh i gcúraimí Lárionaid Acmhainní SALTO.

LÁRIONAID ACMHAINNÍ SALTO AG TACÚ LE TOSAÍOCHTAÍ TRASNAÍ ERASMUS+

I gcomhréir le tosaíochtaí trasnaí Erasmus+, tacaíonn ceithre lárionad Acmhainní SALTO leis na tosaíochtaí seo:

SALTO AGUS AN CUIMSIÚ AGUS AN ÉAGSÚLACHT

Oibríonn dhá Lárionad Acmhainní SALTO le chéile chun tacaíocht a thabhairt maidir le Cuimsiú agus Éagsúlacht ar fud gach réimse cláir: lárionad amháin i réimse an oideachais agus na hoiliúna, agus lárionad eile i réimse na hóige.

Is é is misean do na Lárionaid Acmhainní SALTO sin cáilíocht agus tionchar thionscadail Erasmus+ a fheabhsú, d'fhonn an clár a dhéanamh níos cuimsithe agus níos éagsúlaí.

Go sonrach, gníomhaíonn na SALTONna sin mar mhoil eolais atá bunaithe ar fhianaise agus mar bhróicéirí neamhchlaonta bunaithe ar shaineolas agus ar thaithí ar bhainistíocht clár i réimse an chuimsithe agus na héagsúlachta. Ciallaíonn sé sin go mbítear go leanúnach ag tógáil ar an eolas agus na ceachtanna a foghlamaíodh ó chur chun feidhme an chláir agus a réimse théamach agus á ndírú ar chomhthéacsanna forbartha cláir i gcomhar leis an líonra Gníomhaireachta Náisiúnta agus leis an gCoimisiún trí ardáin iomchuí. Thairis sin, tacaíonn na SALTONna sin leis na Gníomhaireachtaí Náisiúnta chun an clár a chur chun feidhme ar bhealach a chuireann i ngníomh na cinní beartais ábhartha (mar shampla, conclúidí/réitigh na Comhairle), torthaí gníomhaíochtaí foghlama frithpháirtí, agus cinní ar an tosaíocht cuimsithe agus éagsúlachta.

Is iad seo a leanas na príomhfhreagrachtaí maidir le **SALTONna le haghaidh Cuimsiú agus Éagsúlachta**:

- Cáilíocht agus tionchar thionscadail agus ghníomhaíochtaí Erasmus+ a mhéadú, lena ndírítear ar an tosaíocht cuimsithe agus éagsúlachta.

- Cuidiú le cur chun feidhme, monatóireacht agus bearta leantacha na tosaíochta cuimsithe agus éagsúlachta san oideachas agus san oiliúint mar a shainítear sa chlár Erasmus+.
- Príomhról a ghlacadh chun na Gníomhaireachtaí Náisiúnta a threorú maidir le hanailís agus meastóireacht tionchair tionscadal lena ndírítear ar an tosaíocht cuimsithe agus éagsúlachta san oideachas agus san oiliúint.

SALTO MAIDIR LEIS AN AISTRIÚ GLAS AGUS AN FHORBAIRT INBHUANAITHE

Cumhdaíonn Lárionad Acmhainní SALTO maidir leis an aistriú glas agus an fhorbairt inbhuanaithe gach réimse den Chlár Erasmus+ agus cuireann sé le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide trínár gcláir, ag tabhairt aghaidh ar ábhair a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol ar fud na ngníomhaíochtaí.

Tá an SALTO seo ag tacú le cur chun feidhme na tosaíochta ar chosaint chomhshaoil, inbhuanaitheacht agus an comhrac in aghaidh an athraithe aeráide sna Cláir nua i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus an Comhshocrú Aeráide, ag tacú le gníomhaíochtaí an Limistéir Eorpaigh Oideachais i dtéarmaí oideachais le haghaidh aeráide agus inbhuanaitheachta, agus ag rannchuidiú go díreach le ceann amháin den 11 Sprioc Eorpach don Óige (Eoraip Inbhuanaithe Ghlas) atá san áireamh i Straitéis an Aontais Eorpaigh i leith na hÓige. Is iad seo a leanas príomhfhreagrachtaí **SALTO maidir leis an aistriú glas agus an fhorbairt inbhuanaithe**:

- Cáilíocht agus tionchar thionscadail agus ghníomhaíochtaí Erasmus+ a mhéadú, lena ndírítear ar an inbhuanaitheacht agus an comhrac in aghaidh an athraithe aeráide.
- Cuidiú le barr feabhais a chur ar chur chun feidhme, monatóireacht agus bearta leantacha na tosaíochta maidir le cosaint comhshaoil, inbhuanaitheacht agus an comhrac in aghaidh an athraithe aeráide, mar a shainítear i gcláir Erasmus+ agus an Chóir Dlíthpháirtíochta Eorpaigh.
- Príomhról a ghlacadh chun na Gníomhaireachtaí Náisiúnta a threorú maidir le hanailís agus meastóireacht tionchair tionscadal lena ndírítear ar thosaíocht na gclár a bhaineann le cosaint comhshaoil, inbhuanaitheacht agus an comhrac in aghaidh an athraithe aeráide.

SALTO DIGITEACH

Cumhdaíonn Lárionad Acmhainní Digiteacha SALTO gach tréimhse den Chlár Erasmus+ agus, i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach agus príomhdhoiciméid bheartais le haghaidh Óige, tacaíonn sé le cur chun feidhme na gné digití mar thosaíocht uileghabhálach i gCláir Erasmus agus an Chóir Dlíthpháirtíochta Eorpaigh, ag ardú cáilíocht oideachais dhigitigh agus gnéithe digiteacha san Óige ar bhonn leanúnach. Gníomhaíonn sé mar mhol eolais atá bunaithe ar fhianaise i réimse an Oideachais dhigitigh agus na hÓige, agus eolas i réimse a shainordaithe a dhíriú ar fhorbairt cláir chomh maith le forbairt beartais. Is iad seo leanas príomhfhreagrachtaí SALTO Digiteach:

- Cáilíocht agus tionchar thionscadail agus ghníomhaíochtaí ár gclár a mhéadú, lena ndírítear ar na tosaíochtaí digiteacha.
- Cuidiú le barr feabhais a chur ar chur chun feidhme, monatóireacht agus bearta leantacha tosaíochtaí oideachais dhigitigh agus na hÓige, mar a shainítear i gcláir Erasmus+ agus an Chóir Dlíthpháirtíochta Eorpaigh.
- Príomhról a ghlacadh chun na Gníomhaireachtaí Náisiúnta a threorú maidir le hanailís agus meastóireacht tionchair tionscadal lena ndírítear ar thosaíochtaí digiteacha na gclár, rudaí a mbeadh tionchar acu ar fhóiraim bheartais agus geallsealbhóirí agus go háirithe ar an Mol Eorpach maidir leis an Oideachas Digiteach.

SALTO MAIDIR LE RANNPHÁIRTÍOCHT AGUS FAISNÉIS

Le lárionad acmhainní SALTO um Rannpháirtíocht agus Faisnéis, cumhdaítear réimsí uile an Chláir Erasmus+ agus cuirtear ar bun gníomhaíochtaí straitéiseacha agus nuálacha chun rannpháirtíocht ghníomhach sa saol daonlathach a spreagadh, lena n-áirítear tríd an méid a leanas:

- Treoraíocht a fhorbairt le haghaidh iarratasóirí agus tairbhíthe, go háirithe chun rannpháirtíocht daoine óga i gcinnteoireacht dhaonlathach agus rannpháirtíocht na hóige sa saol sibhialta agus sóisialta a chothú trí obair dheonach nó trí ról a ghlacadh in eagraíochtaí óige;
- Treoraíocht agus tacaíocht a sholáthar le haghaidh gach Gníomhaireachta Náisiúnta maidir le straitéisí úrscothacha chun dul i bhfeidhm ar líon níos airde daoine óga, cáilíocht agus tionchar na ngníomhaíochtaí eolais a mhéadú chomh maith leis an gcuimsitheacht agus an inbhuanaitheacht a bhaineann leo chomh maith le hinaistritheacht thorthaí tionscadail.

Anuas ar na SALTOanna sin, cuireann dhá Lárionad Acmhainní SALTO shonracha le hinniúlachtaí Gníomhaireachtaí Náisiúnta agus eagraíochtaí chun oibriú le Erasmus+ a mhéadú chun comhar trasnáisiúnta, líonrú agus foghlaim fhrithpháirteach a éascú i measc Gníomhaireachtaí Náisiúnta agus geallsealbhóirí éagsúla:

- **SALTO MAIDIR LE HOILIÚINT AGUS COMHAR LE HAGHAIDH OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA**

Tairgtear ardán le haghaidh gníomhaíochtaí oiliúna Eorpacha;

- cuirtear ar a gcumas do gheallsealbhóirí, inter alia, inniúlachtaí a n-eagraíochtaí a fhorbairt chun leas iomlán a bhaint as deiseanna Erasmus+;
- dea-chleachtais a chomhroinnt ar fud tíortha Eorpacha, comhpháirtithe a aimsiú, nó tionchar a dtionscadal a mhéadú ar an leibhéal Eorpach;

- **SALTO MAIDIR LE HOILIÚINT AGUS COMHAR I RÉIMSE NA HÓIGE**

Díríonn an Lárionad Acmhainní SALTO maidir le hOiliúint agus Comhar ar ghníomhaíocht straitéiseach agus nuálach a fhorbairt chun cur chuige d'ardchaighdeán a chinntiú ar an bhforiomlán i leith straitéisí agus gníomhaíochtaí oiliúna i réimse na hóige, agus foghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil in obair óige a aithint ar fud na hEorpa, mar shampla tríd an méid a leanas:

- próisis, gníomhaíochtaí agus uirlisí a fhorbairt agus a chur chun feidhme laistigh de Straitéis Youthpass chun tacú le haitheantas agus bailíochtú gníomhaíochta foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus oibre óige agus chun an t-aitheantas sin a chur chun cinn;
- próisis, gníomhaíochtaí agus uirlisí a fhorbairt agus a chur chun feidhme laistigh den Straitéis Eorpach um Oiliúint i réimse na hóige, chun tacú le fothú acmhainneachta agus le forbairt cáilíochta in obair óige Eorpach;
- cáilíocht tionscadal óige a fheabhsú trí chúrsaí oiliúna, uirlisí agus foilseacháin phraiticiúla agus treoraíocht;
- tacaíocht a sholáthar do bhaill foirne Gníomhaireachtaí Náisiúnta trí Bhainistíocht Eolais agus Oiliúint Foirne;

- **LÁRIONAID RÉIGIÚNACHA SALTO I RÉIMSE NA HÓIGE**

Leis na trí SALTO réigiúnacha: SALTO **OIRDHEISCEART NA HEORPA**, SALTO **OIRTHEAR NA HEORPA** agus **CHUGAIS** agus SALTO **EUROMED**, déantar comhar straitéiseach agus nuálach a chothú idir geallsealbhóirí ó

thíortha an chláir agus ó thíortha comhpháirtíochta Erasmus+ agus an Chóir Dlíthpháirtíochta Eorpaigh, agus is é is aidhm don chomhar sin an méid a leanas a dhéanamh:

- cainníocht, cáilíocht agus tionchar tionscadal agus comhpháirtíochtaí a mhéadú a thuilleadh,
- tacú le hobair óige agus le forbairt beartais óige sna tíortha comhpháirtíochta sna Balcáin Thiar, i gComhpháirtíocht an Oirthir agus i nDeisceart na Meánmhara faoi seach.

Tá breis faisnéise le fáil ag: www.salto-et.net agus www.salto-youth.net

OIFIGÍ FAISNÉISE

Oifigí Náisiúnta Erasmus+

Sna tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár lena mbaineann, tugann na hOifigí Náisiúnta Erasmus+ cúnamh don Choimisiún, don Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin agus do na húdaráis áitiúla le cur chun feidhme an Chláir Erasmus+. Is iad sin an pointe fócasach sna tíortha sin dá ngeallsealbhóirí ag a bhfuil baint leis an gClár Erasmus+ i réimse an ardoideachais, an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, na hóige agus an spóirt. Rannchuidíonn siad le feabhas a chur ar fheasacht, infheictheacht, ábharthacht, éifeachtacht agus tionchar éirim idirnáisiúnta Erasmus+.

Tá Oifigí Náisiúnta Erasmus+ freagrach as an méid seo a leanas:

- eolas a sholáthar faoi ghníomhaíochtaí Erasmus+ atá oscailte do rannpháirtíocht a dtíortha (agus réimsí an ardoideachais, an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, na hóige agus an spóirt, i gcás inarb ábhartha san áireamh);
- comhairle agus cúnamh a thabhairt d'iarratasóirí féideartha;
- foireann áitiúil an Líonra de Shaineolaithe um Athchóiriú an Ardoideachais (SAAAnna) a chomhordú;
- rannchuidiú le staidéar agus imeachtaí;
- tacaíocht a sholáthar don idirphlé beartais;
- teagmhálacha a choinneáil ar bun leis na húdaráis áitiúla agus le Toscaireachtaí an Aontais;
- forbairtí beartais a leanúint sna réimsí thuasluaite ina dtír féin.

Pointí Fócasacha Náisiúnta Erasmus+

Sna tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár lena mbaineann (Críocha Mheiriceá, an Afraic Fho-Shahárach, an Meánoirthear, an Áise agus an tAigéan Ciúin) tacaíonn an Líonra de Phointí Fócasacha Náisiúnta leis an gCoimisiún, leis an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin agus leis na húdaráis náisiúnta chun treoraíocht, faisnéis phraiticiúil agus cúnamh a sholáthar ar gach gné a bhaineann le rannpháirtíocht in Erasmus+ i réimse an ardoideachais, na hóige, an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna agus an spóirt. Gníomhaíonn siad mar phointí fócasacha do na geallsealbhóirí ina dtír féin agus rannchuidíonn siad le feasacht, feiceálacht, ábharthacht, éifeachtacht agus tionchar na gné idirnáisiúnta a bhaineann le Erasmus+ a fheabhsú.

Lárionaid Náisiúnta Faisnéise um Aitheantas Acadúil (NARIC)

Soláthraíonn líonra NARIC faisnéis maidir le haithint dioplómaí agus tréimhsí staidéir a dtugtar fúthu i dtíortha Eorpacha eile chomh maith le comhairle faoi dhioplómaí acadúla iasachta sa tír ina bhfuil NARIC bunaithe. Soláthraíonn líonra NARIC comhairle údaráisach ní hamháin dóibh siúd a thaistealaíonn ar an gcoigríoch chun críoch oibre nó breisoideachais, ach d'institiúidí, do mhic léinn, do chomhairleoirí, do thuismitheoirí, do mhúinteoirí agus d'fhostóirí ionchasacha freisin.

Tacaíonn an Coimisiún Eorpach le gníomhaíochtaí líonra NARIC ach faisnéis agus taithí a mhalartú idir tíortha, dea-chleachtais a shainaithint, anailís chomparáideach a dhéanamh ar chórais agus ar bheartais sa réimse seo, agus plé agus anailís a dhéanamh ar ábhair beartais oideachais ar leas coiteann iad.

Tá breis faisnéise le fáil ag: <https://www.enic-naric.net/>

Líonra Eurodesk

Tairgeann líonra Eurodesk seirbhísí faisnéise do dhaoine óga, agus dóibh sin a oibríonn leis, maidir le deiseanna Eorpacha i réimsí an oideachais, na hoiliúna agus na hóige, agus rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíochtaí Eorpacha.

Tá Eurodesk suite i ngach Ballstát de chuid AE agus i dtíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár, agus déantar é a chomhordú ar an leibhéal Eorpach le hOifig Eurodesk na Buiséile, agus ina theannta sin, tairgeann líonra Eurodesk seirbhísí freagartha fiosrúcháin, faisnéis maoinithe, imeachtaí agus foilseacháin. Rannchuidíonn sé le beocht a chur i dTairseach Eorpach na hÓige freisin.

Le Tairseach Eorpach na hÓige tairgtear faisnéis agus deiseanna Eorpacha agus náisiúnta ina bhfuil leas ag daoine óga atá ina gcónaí, atá ag foghlaim agus atá ag obair san Eoraip. Soláthraítear faisnéis inti in 28 dteanga.

Chun Tairseach Eorpach na hÓige a rochtain, téigh chuig: https://europa.eu/youth/home_ga. Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi Eurodesk, téigh chuig: <https://www.eurodesk.eu>

Otlas – an uirlis aimsithe comhpháirtithe lárnach le haghaidh eagraíochtaí i réimse na hóige

Ar cheann de na huirlisí atá forbartha agus óstáilte ag Lárionaid Acmhainní Óige SALTO tá Otlas, uirlis aimsithe comhpháirtithe lárnach le haghaidh eagraíochtaí i réimse na hóige. Is féidir le heagraíochtaí a sonraí teagmhála agus a réimsí speise a chlárú in Otlas mar aon le hiarrataí comhpháirtithe a chruthú le haghaidh smaointe tionscadail.

Tá breis faisnéise le fáil ag: www.salto-youth.net/otlas nó <https://www.otlas.eu/>

Ardáin agus uirlisí

An tArdán Torthaí ar Thionscadail Erasmus+

Leis an Ardán Torthaí ar Thionscadail Erasmus+ soláthraítear rochtain ar eolas agus torthaí maidir le gach tionscadal atá maoinithe faoin gClár Erasmus+. Beidh saibhreas na faisnéise tionscadail ina spreagadh d'eagraíochtaí agus bainfidh siad leas as na torthaí agus as na ceachtanna a foghlaimíodh ó Erasmus+ a bheith curtha chun feidhme.

Ní mór don eolas agus do na torthaí tionscadail a thaispeántar ar na hardáin rialacha agus rialacháin maidir le sonraí pearsanta is infheidhme a chomhlíonadh ina n-iomláine. Is é sin freagracht na dtairbhíthe tionscadal go príomha faoi fhormhaoirseacht oifigeach tionscadal sna Gníomhaireachtaí.

Is féidir tionscadail a chuardach de réir eochairfhocail, príomhghníomhaíochta, bliana, tíre, ábhair, cineál torthaí, srl. Is féidir na cuardaigh a shábháil agus a thabhairt cothrom le dáta de shíor ar na tionscadail is déanaí, de réir critéir réamhshainithe. Tarraingítear aird ar thionscadail dea-chleachtas – atá sainaitheanta ó thaobh ábharthacht an bheartais, an tionchair, na féidearthachta cumarsáide de.

Is féidir an tArdán Torthaí ar Thionscadail Erasmus+ a rochtain anseo: https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/projects_ga

An tArdán Eorpach um Oideachas Scoile agus Ríomhnascadh

Is é **an tArdán Eorpach um Oideachas Scoile** an pointe cruinnithe le haghaidh gach páirtí leasmhair in earnáil an oideachais scoile – foireann scoile, taighdeoirí, déantóirí beartais agus gairmithe eile – ó gach leibhéal den oideachas ó oideachas agus cúram luathóige go bunscoileanna agus meánscoileanna, agus gairmoideachas agus gairmoiliúint san áireamh.

Tá **Ríomhnascadh** le fáil ar an ardán freisin, is é sin pobal múinteoirí agus foirne scoile a óstálann spás sábháilte nach bhfuil rochtain ach ag baill foirne atá grinnfhiosraithe ag na hEagraíochtaí Tacaíochta Náisiúnta amháin air. Is iomaí gníomhaíocht ar féidir rannpháirtithe páirt a ghlacadh iontu: tionscadail a dhéanamh le scoileanna agus seomraí ranga eile; pléití le comhghleacaithe agus forbairt líonraithe ghairmiúil; rannpháirtíocht i réimse deiseanna forbartha gairmiúla (ar líne agus aghaidh ar aghaidh).

Faigheann múinteoirí agus scoileanna atá rannpháirteach i Ríomhnascadh tacaíocht ó na hEagraíochtaí Tacaíochta Náisiúnta (ETNanna). Is eagraíochtaí iad sin atá ceaptha ag na húdaráis náisiúnta inniúla. Tugann siad cúnamh do scoileanna le linn phróisis an chlárúcháin, an aimsithe comhpháirtithe agus ghníomhaíocht an tionscadail, cuireann siad úsáid Ríomhnascatha chun cinn, soláthraíonn siad duaiseanna agus lipéid cháilíochta agus eagraíonn siad gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla do mhúinteoirí.

Déanann Lársheirbhís Tacaíochta na hEagraíochtaí Tacaíochta Náisiúnta a chomhordú agus tá an lársheirbhís sin freagrach freisin as forbairt a dhéanamh ar an Ardán Eorpach um Oideachas Scoile agus as gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla a eagrú do mhúinteoirí ar an leibhéal Eorpach.

Is féidir rochtain a fháil ar an Ardán Eorpach um Oideachas Scoile agus ar an Ríomhnascadh ag: <https://school-education.ec.europa.eu/>

EPALE

Is éard atá i gceist leis an Ríomh-Ardán don Fhoghlaim Aosach san Eoraip – ar a dtugtar EPALE – tionscnamh ón gCoimisiún Eorpach atá maoinithe leis an gClár Erasmus+. Tá sé oscailte do ghairmithe foghlama aosá: múinteoirí, oideoirí, oiliúnóirí, oibreoirí deonacha agus lucht ceaptha beartas, taighdeoirí, iriseoirí agus acadóirí, agus dreamanna eile ag a bhfuil baint le foghlaim aosach.

Leis an suíomh tairgtear nuacht atá cothrom le dáta faoi fhorbairtí sa réimse agus líonraí idirghníomhacha, rud a chumasaíonn d'úsáideoirí nascadh le daoine eile ar fud na hEorpa, dul i mbun pléití agus dea-chleachtais a mhalartú. Ar na huirlisí iomadúla agus ar an inneachar líonmhar de chuid EPALE, tairgtear uirlisí ar spéis le tairbhíthe (féideartha) Erasmus+ go sonrach iad. Seo a leanas roinnt samplaí:

- Féilire cúrsaí agus imeachtaí;
- Uirlis aimsithe comhpháirtithe, rud atá úsáideach chun comhpháirtithe a aimsiú chun tionscadal atá maoinithe ag an Aontas a ullmhú nó chun deis scáthfhoghlama a aimsiú nó thairiscint;
- Catalóg de Chúrsaí, inar féidir le cuairteoirí raon leathan de chúrsaí ar líne agus as líne a aimsiú;
- Tairgeann pobail chleachtais saoráid bhreise chun idirchaidreamh a dhéanamh le daoine agus eagraíochtaí ag a bhfuil leas comhchosúil;
- Spásanna comhoibríocha inar féidir le comhpháirtithe tionscadail oibriú i dtimpeallacht shlán chun a dtionscadal a fhorbairt;
- Is uirlis shábháilte agus shlán atá i **Spás Erasmus+** go háirithe le haghaidh chomhordaitheoirí thionscadail KA1 agus KA2 Erasmus+ agus a gcomhpháirtithe chun soghluaisteacht cumaisc/comhar a chur i gcleachtas agus chun é a úsáid le haghaidh bainistíocht agus scaipeadh tionscadal;
- Lárionad acmhainní inar féidir le tairbhíthe tionscadail ábhar tagartha úsáideach a fhoinsíú agus/nó ailt, ábhair teagaisc, tuarascálacha, lámhleabhair agus aon ábhar eile a phostáil, ar ábhar é a sholáthraítear lena dtionscadal nó a sholáthraíonn a n-eagraíocht, rud a thairgeann deis scaipthe bhreise;
- Blag inar féidir le rannpháirtithe i dtionscadail a n-eispéireas a chomhroinnt nó físeáin a uaslódáil, agus a dtorthaí á gcur i láthair ar bhealach neamhfhoirmiúil dinimiciúil.

Má fhaightear maoiniú ón Aontas le haghaidh tionscadal moltar go ndéantar faisnéis faoina ngníomhaíochtaí agus faoina dtorthaí a chomhroinnt ar an ardán trí phostálacha blog, trí mhíreanna nuachta, trí imeachtaí agus trí chineálacha eile gníomhaíochtaí.

Déantar EPale a chur chun feidhme le Lárshairbhís Tacaíochta agus líonra d'Eagraíochtaí Tacaíochta Náisiúnta i mBallstáit an Aontais agus i dtíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár, agus iad i gceannas ar fhaisnéis shuimiúil a shainaithint agus a spreagann geallsealbhoirí an t-ardán a úsáid agus rannchuidiú leis. Is féidir EPale a rochtain ag: <https://epale.ec.europa.eu/ga/home-page>).

SELFIE

Is éard atá in SELFIE ('Féinmhachnamh ar an bhFoghlaim Éifeachtach tríd an Nuálaíocht a chur chun cinn trí bhithin Teicneolaíochtaí Oideachais') uirlis féinmhachnamh ghréasán-bhunaithe ilteangach chun cabhrú le scoileanna ginearálta agus gairmscoileanna a n-inniúlacht dhigiteach a fhorbairt.

Bailíonn SELFIE le haghaidh Scoileanna tuairimí mac léinn, múinteoirí agus ceannairí scoile go hanaithnid faoi conas a úsáidtear an teicneolaíocht ina scoil. Déantar sin ag úsáid ráitis agus ceisteanna gearra agus scála freagra 1-5 simplí. Bunaithe ar an ionchur sin, gineann an uirlis tuarascáil – roghbhliúire ('SELFIE') de láidreachtaí agus laigí scoile ó thaobh na húsáide a bhaineann siad as an teicneolaíocht. Tá SELFIE ar fáil d'aon bhunscoil, meánscoil agus gairmscoil san Eoraip agus lastall di, agus i mbreis agus 30 teanga. Is féidir le haon scoil é a úsáid – ní hamháin iad sin ag a bhfuil ardleibhéil bonneagair, trealaimh agus úsáide teicneolaíochta.

Léirigh paindéim COVID-19 athrú ollmhór i dtreo teicneolaíochtaí digiteacha le haghaidh na cianoibre agus na cianfhoghlaime, lena n-áirítear le haghaidh an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna. Léirigh sí freisin an deacracht a bhaineann le gné na foghlama obairbhunaithe (WBL) den ghairmoideachas agus den ghairmoiliúint a choinneáil ar bun i gcuideachtaí, rud a fhágann go bhfuil sé níos práinní fós éifeachtacht an idirphlé a mhéadú idir múinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna agus oiliúnóirí ionchuideachta trí mhodhanna digiteacha.

Mar chuid den Phlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach, tá uirlis nua le haghaidh múinteoirí ('SELFIE le haghaidh Múinteoirí'), uirlis atá ar fáil i ngach teanga oifigiúil de chuid an Aontais, beidh múinteoirí in ann a n-inniúlacht dhigiteach agus a muinín sa réimse sin a fhéinmheasúnú agus aiseolas a fháil láithreach ar láidreachtaí agus bearnaí agus ar an bhforbairt bhreise is féidir leo a dhéanamh. Is féidir le foirne múinteoirí oibriú le chéile freisin chun an uirlis a úsáid agus plean oiliúna a fhorbairt.

I mí Dheireadh Fómhair 2021, seoladh an uirlis SELFIE nua le haghaidh foghlaim obairbhunaithe (WBL) i ngach teanga oifigiúil de chuid an Aontais. Cuidíonn sé le hinstiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna agus cuideachtaí a thabhairt níos gaire dá chéile chun plé a dhéanamh go comhpháirteach ar conas is fearr is féidir an teicneolaíocht dhigiteach a leabú san oideachas agus san oiliúint atá á soláthar. Le SELFIE le haghaidh foghlaim obairbhunaithe, ní hamháin go mbailítear na trí pheirspictíocht de cheannairí scoile, múinteoirí agus foghlaimeoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna, ach cuirtear an ceathrú peirspictíocht leis, is é sin, tuairim oiliúnóirí ionchuideachta. Díreofar in obair bhreise ar SELFIE le haghaidh foghlaim obairbhunaithe ar an mbealach ar féidir leis an uirlis tacú le monatóireacht agus forbairt beartais ar leibhéal na tíre agus an Aontais. Anuas air sin, ba cheart tuilleadh anailíse a dhéanamh ar SELFIE le haghaidh WBL le haghaidh cuideachtaí chun rannpháirtíocht bhreise cuideachtaí a fhiosrú nó chun an uirlis a fhorbairt a thuilleadh chun gnéithe éagsúla a chumhdach de réir riachtanais cuideachtaí.

D'fhorbair an tAirmheán Comhpháirteach Taighde agus an Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr (AS EAC) SELFIE. Tá breis faisnéise faoi SELFIE le fáil anseo: https://ec.europa.eu/education/schools-go-digital_ga

HEInnovate

Leis an gcreat teorach HEInnovate tugtar an deis d'institiúidí ardoideachais san Aontas agus lastall de scrúdú a dhéanamh ar a n-inniúlachtaí nuálaíochta agus fiontraíochta tríd an bhféinmhachnamh i gceann amháin nó i roinnt gnéithe de na hocht n-éirim atá ar fáil, arb éard iad:

- Ceannaireacht agus Rialachas
- Inniúlacht Eagraíochtúil: Maoiniú, Daoine agus Dreasachtaí
- Teagasc agus Foghlaim Fiontraíochta
- Fiontraíthe a Ullmhú agus Tacú leo
- An Claochlú Digiteach agus Cumas
- Malartú Faisnéise agus Comhar
- An Institiúidí Idirnáisiúnaithe
- Tionchar a Thomhas

Is comhphobal cleachtais é HEInnovate freisin agus tugann a saineolaithe ceardlanna le haghaidh institiúidí ardoideachais chun go gcuirfidís feabhas ar a bhfeidhmíocht nuálaíochta agus imeachtaí chun oiliúint a chur ar na hoiliúnóirí chun an cur chuige a scaipeadh ar bhealach níos leithne ar an leibhéal náisiúnta. Tá ábhair oiliúna le fáil ar an suíomh gréasáin. Leis an ardán, soláthraítear cás- staidéir freisin agus scéalta úsáideoirí chun samplaí de chineálacha cur chuige éagsúla a chur i láthair in institiúidí ardoideachais ar fud an Aontais. Rinneadh roinnt Athbhreithnithe Tíre i gcomhar le ECFE agus tá siad le fáil ar shuíomhanna gréasáin HEInnovate agus ECFE. Le Tuarascálacha Tíre HEInnovate léirítear cineálacha cur chuige nuálaíochta agus fiontraíochta i mBallstáit éagsúla san Aontas.

Tionscadail atá maoinithe ag Erasmus+ amhail comhaontais Eorpacha na nOllscoileanna agus na Comhaontais ar son na Nuálaíochta, iarrtar orthu HEInnovate a úsáid i gcás inarb ábhartha chun bheith ag gabháil lena dtionscadail.

Is féidir HEInnovate a rochtain ag: <https://heinnovate.eu/en>

Tairseach Eorpach na hÓige

Le Tairseach Eorpach na hÓige tairgtear faisnéis agus deiseanna Eorpacha agus náisiúnta ina bhfuil leas ag daoine óga atá ina gcónaí, atá ag foghlaim agus atá ag obair san Eoraip. Leis sin spreagtar freisin rannpháirtíocht daoine óga sa saol daonlathach san Eoraip go mór mór le hIdirphlé Óige an Aontais Eorpaigh agus tionscnaimh eile chun dul i mbun plé le daoine óga le tionchar a imirt ar cheapadh beartas. Le Tairseach Eorpach na hÓige soláthraítear faisnéis freisin do gheallsealbhoirí eile atá ag obair i réimse na hóige, tá sí le fáil in 28 dteanga agus is féidir í a rochtain anseo: https://europa.eu/youth/home_ga

Tionscnamh na gCártaí Mac Léinn Eorpacha

Is é is aidhm do Thionscnamh na gCártaí Mac Léinn Eorpacha an tsoghluaisteacht foghlama agus oiliúna a shimpliú ach digitiú a dhéanamh ar na príomhchodanna is gá chun soghluaisteacht mac léinn a eagrú, idir soláthar faisnéise agus próisis iarratais agus socrú isteach sa phobal óstach ar an gcoigríoch. I gcomhthéacs an tionscnaimh seo, tá Aip Erasmus+ agus Lónra Erasmus gan Pháipéar ar fáil anois d'institiúidí ardoideachais agus do mhic léinn agus déanfar iad a fheabhsú a thuilleadh trí sheirbhísí agus gnéithe nua a chur isteach d'úsáideoirí.

Le hAip Erasmus+ tugtar pointe rochtana ar líne amháin do mhic léinn chuig an bhfaisnéis agus na seirbhísí uile atá uathu sula dtugann siad faoi mhalartuithe ar an gcoigríoch, le linn dóibh sin a dhéanamh agus ina dhiaidh sin. In Aip Erasmus+ cuirtear faisnéis san áireamh freisin faoi rannpháirtíocht sa chlár d'fhoghlaimeoirí in earnálacha eile. Tá an aip le fáil lena híoslódáil san aipmhargadh agus ar Google Play. Tá breis faisnéise le fáil ag: erasmusapp.eu

Le Lónra Erasmus gan Pháipéar tugtar deis d'institiúidí ardoideachais nascadh le cainéal cumarsáide lárnach chun malartú a dhéanamh go héasca ar shonraí soghluaisteachta mac léinn ar bhealach slán agus cuíchóirithe lena dtacaítear le bainistíocht soghluaisteachta atá digitithe go hiomlán, lena n-áirítear comhaontuithe foghlama ar líne agus comhaontuithe idir-institiúideacha digiteacha. Is féidir le h-institiúidí ardoideachais ag a bhfuil sé d'aidhm nascadh le Lónra Erasmus gan Pháipéar faisnéis faoi conas nascadh, treoirínte agus ranganna teagaisc a rochtain trí chuairt a thabhairt ar Lárionad Inniúlachta Erasmus gan Pháipéar: <https://cc.erasmuswithoutpaper.eu>

LÍONRAÍ EOLAIS AGUS SAINÉOLAITHE

Líonra Eurydice

Tá Líonra Eurydice dírithe go príomha ar an mbealach a ndéantar an t-oideachas san Eoraip a struchtúir agus a eagrú ar gach leibhéal agus is é is aidhm dó rannchuidiú le tuiscint fhrithpháirteach fheabhsaithe ar chórais san Eoraip. Leis sin déantar anailísí comparáideacha ar an leibhéal Eorpach agus faisnéis shonrach náisiúnta a sholáthar dóibh sin atá freagrach as córais agus beartais oideachais san Eoraip i réimsí an oideachais agus na hóige, rud a thabharfaidh cúnamh dóibh leis an gcinnteoireacht.

Cuireann Líonra Eurydice foinse leathan faisnéise ar fáil chomh maith le tuairisc mhionsonraithe agus forléargais ar chórais oideachais náisiúnta (Córais Oideachais Náisiúnta agus Beartais), tuarascálacha téamacha comparáideacha dírithe ar ábhair shonracha a bhaineann le leas an Chomhphobail (Tuarascálacha Téamacha), táscairí agus staidreamh (Sraith Eochrach Sonraí), agus sraith fíricí agus figiúirí a bhaineann leis an oideachas, amhail struchtúir oideachais náisiúnta, féilirí scoile, comparáid idir tuarastail múinteoirí agus an tréimhse theagaisc is gá de réir tíortha agus leibhéil oideachais (Fíricí agus Figiúirí).

Is éard atá ann láraonad comhordúcháin lonnaithe sa Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin agus aonaid náisiúnta bunaithe i ngach Ballstát de chuid AE agus i ngach tír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár agus an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus Montainéagró chomh maith leis sin.

Tá breis faisnéise le fáil ar shuíomh gréasáin na Ghníomhaireachta Feidhmiúcháin: https://www.eacea.ec.europa.eu/grants_ga

An Líonra Comhfhreagraithe Náisiúnta Vici don Óige

I gcomhréir le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh agus leis an gcuspóir a bhaineann le feabhas a chur ar eolas ar shaincheisteanna óige san Eoraip, soláthraítear tacaíocht airgeadais do Struchtúir Náisiúnta a rannchuidíonn leis an Vici don Óige, uirlis idirghníomhach lena ndéantar faisnéis faoi staid daoine óga san Eoraip agus faoi bheartais óige náisiúnta a sholáthar ar bhealach comhtháite, nuashonraithe agus insaothraithe.

Tugtar tacaíocht airgeadais do na comhlachtaí atá ainmnithe ag na húdaráis náisiúnta, lonnaithe i mBallstát de chuid AE nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár, le haghaidh gníomhaíochtaí a dhéanann na comhlachtaí sin chun eolas atá tírshonrach, tuairiscí agus táscairí tíre inchomparáide a sholáthar, rud a rannchuidíonn le tuiscint fhrithpháirteach fheabhsaithe ar chórais agus beartais óige san Eoraip.

Líonra de Shaineolaithe um Athchóiriú an Ardoideachais (SAAnna)

Sna tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár lena mbaineann, déanann na Foirne Náisiúnta de Shaineolaithe um Athchóiriú an Ardoideachais stór saineolais a sholáthar do na húdaráis áitiúla agus do na geallsealbhóirí chun athchóiriú a chur chun cinn agus dul chun cinn a fheabhsú san ardoideachas. Glacann siad páirt i bhforbairt beartas san ardoideachas ina dtír faoi seach. Tá gníomhaíochtaí SAA bunaithe ar theagmhálaithe “idir piaraí”. Tá idir cúig chomhalta agus cúig chomhalta dhéag ar gach foireann náisiúnta. Tá na SAAnna ina saineolaithe i réimse an ardoideachais (Reachtairí, Leas-Reachtairí, Déin, acadóirí sinsearacha, oifigigh um chaidreamh idirnáisiúnta, mic léinn srl.).

Baineann misean SAAnna le tacú leis an méid seo a leanas:

- forbairt beartas ina dtíortha faoi seach trí thacú leis an nuachóiriú, próisis um athchóiriú agus straitéisí san ardoideachas, i ndlúth-thadhall leis na húdaráis áitiúla lena mbaineann;
- idirphlé beartais leis an Aontas i réimse an ardoideachais;
- gníomhaíochtaí oiliúna agus comhairleoireachta atá dírithe ar gheallsealbhóirí áitiúla, go háirithe institiúidí ardoideachais agus na baill foirne;
- Tionscadail Erasmus+ (go háirithe na cinn a chuirtear chun feidhme faoin nGníomhaíocht fothaithe Acmhainneachta) trína dtorthaí agus trína bhfothorthaí a scaipeadh, go mór mór dea-chleachtais agus tionscnaimh nuálacha agus iad a shaothrú chun críoch oiliúna.

Foirme Náisiúnta chun tacú le cur chun feidhme uirlisí gairmoideachais agus gairmoiliúna de chuid an Aontais

Is é is cuspóir do na foirne náisiúnta de shaineolaithe gairmoideachais agus gairmoiliúna stór saineolais a sholáthar chun tacú le cur i bhfeidhm uirlisí agus prionsabal gairmoideachais agus gairmoiliúna de chuid an Aontais i dtionscadail atá maoinithe ag an Aontas dá dtugtar tacaíocht leis an gClár Erasmus+. Tá na huirlisí gairmoideachais agus gairmoiliúna de chuid an Aontais leagtha síos sna doiciméid beartais gairmoideachais agus gairmoiliúna ábhartha de chuid an Aontais amhail an Creat Eorpach um Printíseachtaí Ardchaighdeán Éifeachtacha agus an Moladh ón gComhairle maidir le gairmoideachais agus gairmoiliúna (amhail Creat EQAVET, croíphróifíilí de chuid an Aontais, rianú céimithe agus nithe eile). Ba cheart do na saineolaithe tacaíocht a sholáthar go háirithe do na tairbhíthe de thionscadail atá maoinithe ag an Aontas dá dtugtar tacaíocht leis an gClár Erasmus+ chun na huirlisí gairmoideachais agus gairmoiliúna thuas de chuid an Aontais a chur chun feidhme ina dtionscadail.

Pointí Tagartha Náisiúnta Líonra EQAVET

Bunaíonn na húdaráis náisiúnta Pointí Tagartha Náisiúnta (PTNanna) EQAVET agus tugtar le chéile leo comhlachtaí ábhartha ina bhfuil na comhpháirtithe sóisialta agus na geallsealbhóirí uile lena mbaineann ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach rannpháirteach agus déantar amhlaidh chun rannchuidiú le cur chun feidhme an chreata Eorpaigh maidir le dearbhú cáilíochta sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint mar a shainmhínítear sa Mholadh ón gComhairle maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint le haghaidh iomaíochas inbhuanaithe, cothroime shóisialta agus athléimneacht¹⁶.

Is é is aidhm do PTNanna EQAVET 1) gníomhartha nithiúla a dhéanamh chun creat EQAVET a chur chun feidhme agus a fhorbairt a thuilleadh 2) réimse leathan geallsealbhóirí a chur ar an eolas agus a shlógadh chun rannchuidiú le cur chun feidhme chreat EQAVET 3) tacú leis an bhféinmheastóireacht mar mhodh comhlántach éifeachtach chun dearbhú cáilíochta a áirithiú 4) tuairisc atá cothrom le dáta a sholáthar ar na socruithe cáilíochta náisiúnta/réigiúnacha bunaithe ar chreat EQAVET agus 5) gabháil d'athbhreithnithe piaraí ar leibhéal an Aontais ar an dearbhú cáilíochta ar leibhéal córais an ghairmoideachais agus na gairmoideachais agus gairmoiliúna.

EQF, Europass agus Euroguidance – Lárionaid náisiúnta

Le haghaidh gach tíre, tacaítear leis na trí líonra de lárionaid náisiúnta seo trí chomhaontú deontais aonair amháin nó trí chomhaontuithe deontais iomadúla:

Pointí Comhordúcháin Náisiúnta an Chreata Eorpaigh um Cháilíochtaí (PCNanna EQF)

Le PCNanna EQF, atá ainmnithe ag na húdaráis náisiúnta, tacaítear leo maidir leis an méid seo a leanas:

- creata cáilíochtaí náisiúnta a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a athbhreithniú agus iad a thagairtíú don Chreat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF);
- tagairtíú leibhéil na gcreat cáilíochtaí náisiúnta nó na gcóras cáilíochtaí náisiúnta do leibhéil EQF a athbhreithniú nó a thabhairt cothrom le dáta.

Tugtar EQF níos gaire do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí le PCNanna EQF tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

¹⁶ Fonóta maidir leis an Iris Oifigiúil le cur isteach nuair atá sé ar fáil

- tacú le cuimsiú na leibhéal EQF iomchuí ar dheimhnithe, dioplómaí, forlíontaí agus doiciméid cáilíochta eile agus ar bhunachair sonraí cáilíochtaí;
- forbairt a dhéanamh ar chlár cáilíochtaí nó bunachair sonraí ina n-áirítear cáilíochtaí a áirítear sna creataí cáilíochtaí náisiúnta agus iad a fhoilsiú ar ardán Europass.

Tá breis faisnéise le fáil ag: <https://europa.eu/europass/ga/national-qualifications-frameworks-ngfs>

Lárionaid Náisiúnta Europass

Is é príomhghné Europass ardán ar líne lena soláthraítear uirlisí idirghníomhacha agus faisnéis do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí maidir le deiseanna foghlama, creataí cáilíochtaí agus cáilíochtaí, treoraíocht, faisnéis scileanna, uirlisí féinmheasúnaithe agus doiciméadacht scileanna agus cáilíochtaí, agus nascacht le deiseanna foghlama agus fostaíochta. Chuige sin, ní mór obair shubstaintiúil a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta, arna déanamh ag comhlachtaí atá ainmnithe ag na húdaráis náisiúnta. Mar chuid de sin áirítear go háirithe:

- Faisnéis náisiúnta a chur ar fáil d'ardán an Aontais, eadhon an t-idirnasc a áirithiú idir ardán an Aontais agus foinsí sonraí náisiúnta le haghaidh deiseanna foghlama agus bunachair sonraí nó clár cáilíochtaí náisiúnta;
- Úsáid na seirbhísí a sholáthraítear le hardán an Aontais a chur chun cinn;
- Idirchaidreamh a dhéanamh leis na geallsealbhóirí ábhartha uile ar an leibhéal náisiúnta.

Líonra Euroguidance

Is éard is Euroguidance ann líonra Eorpach de lárionaid acmhainní agus faisnéise náisiúnta, ainmnithe ag na húdaráis náisiúnta. Tá na spriocanna coiteanna seo a leanas ag na lárionaid Euroguidance uile:

- comhar agus tacaíocht a áirithiú ar leibhéal an Aontais chun beartais, córais agus cleachtais a neartú le haghaidh treoraíocht laistigh den Aontas (forbairt na héirime Eorpaí a bhaineann le treoraíocht ar feadh an tsaoil);
- tacú le forbairt inniúlachta cleachtóirí treoraíochta;
- faisnéise ardcáilíochta a sholáthar ar threoraíocht ar feadh an tsaoil
- deiseanna Eorpacha a chur chun cinn le haghaidh soghluaisteacht foghlama agus bainistíocht gairme (trí ardán Europass).

Is é príomh-spriocghrúpa Euroguidance cleachtóirí treoraíochta agus lucht ceaptha beartas ó na hearnálacha oideachais agus fostaíochta araon.

Tá breis faisnéise le fáil ag: <https://euroguidance.eu>

CÉ ATÁ IN ANN A BHEITH RANNPHÁIRTEACH I gCLÁR ERASMUS+?

Tá príomh-spriocphobal an chlár comhdhéanta de dhaoine aonair. Den chuid is mó is trí eagraíochtaí, institiúidí, comhlachtaí nó grúpaí a eagraíonn na gníomhaíochtaí ábhartha a fhreastalaítear ar na daoine sin leis an gClár. Tá baint ag an dá ghníomhaí seo, dá bhrí sin, a leanas le coinníollacha rochtana an chlár: na 'rannpháirtithe' (daoine aonair a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí thionscadail Erasmus+ agus a fhéadfaidh cuid den deontas ón Aontas a fháil agus an deontas sin beartaithe chun a gcostais rannpháirtíochta a chumhdach) agus na 'heagraíochtaí rannpháirteacha'¹⁷ (ina

¹⁷ Níl daoine nádúrtha incháilithe le cur isteach go díreach ar dheontas ó Ghníomhaireachtaí Náisiúnta Erasmus+ ná ó EACEA, cé is moite de dhaoine féinfhostaithe (is é sin, trádálaithe aonair, i gcás nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach ag an gcuideachta ar leithligh ó cheann an duine nádúrtha). Eintitis nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu faoina ndlí náisiúnta, féadfaidh siad a bheith páirteach go heisceachtúil, ar choinníoll go mbeidh an cumas ag a n-ionadaithe oibleagáidí dlíthiúla a ghlacadh ar láimh thar a gceann, agus ráthaíochtaí a thairiscint chun go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais, ar ráthaíochtaí iad atá comhionann leo sin a thairgeann daoine dlítheanacha.

measc grúpaí neamhfhoirmiúla daoine óga atá rannpháirteach i dtionscadal Erasmus+, mar iarratasóirí nó mar chomhpháirtithe nó mar dhaoine féinfhostaithe). I gcás na rannpháirtithe agus na n-eagraíochtaí rannpháirteacha araon, braitheann na coinníollacha rannpháirtíochta ar an tír ina bhfuil siad bunaithe.

RANNPHÁIRTITHE I nGNÍOMHAÍOCHTAÍ LENA mBAINEANN AN TIONSCADAL ERASMUS+

Mar riail ghinearálta, ní mór do rannpháirtithe i dtionscadail Erasmus+ a bheith bunaithe i mBallstát de chuid AE nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Tá Gníomhaíochtaí áirithe, go háirithe i réimse an ardoideachais, an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, agus na hóige agus an spóirt, oscailte do rannpháirtithe ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár.

Braitheann na coinníollacha sonracha a bhaineann le bheith rannpháirteach i dtionscadal Erasmus+ ar an gcineál Gníomhaíochta lena mbaineann.

I dtéarmaí ginearálta, is iad seo a leanas na príomh- spriocgrúpaí:

- Maidir le tionscadail atá ábhartha i leith réimse an ardoideachais, seo a leanas na príomhspríocanna: mic léinn ardoideachais (timthriall ghearr, an chéad, an dara nó an tríú timthriall), múinteoirí agus ollúna ardoideachais, baill foirne in institiúidí ardoideachais, oiliúnóirí agus gairmithe i bhfiontair;
- Maidir le tionscadail atá ábhartha i leith réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, seo a leanas na príomhspríocanna: printísigh agus mic léinn sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, gairmithe agus oiliúnóirí sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, baill foirne in eagraíochtaí gairmoideachais agus gairmoiliúna agus oiliúna, oiliúnóirí agus gairmithe i bhfiontair;
- Maidir le tionscadail atá ábhartha i leith réimse an oideachais scoile, seo a leanas na príomhspríocanna: ceannairí scoile, múinteoirí scoile agus baill foirne scoile, daltaí san oideachas réamh- bhunscoile, bunscoile agus meánscoile;
- Maidir le tionscadail atá ábhartha i leith réimse an oideachais aosach, seo a leanas na príomhspríocanna: comhaltaí d'eagraíochtaí oideachais aosach de chineál neamhghairme, oiliúnóirí, baill foirne agus foghlaimoirí san oideachas aosach neamhghairme;
- Maidir le tionscadail atá ábhartha i leith réimse na hóige, seo a leanas na príomhspríocanna: daoine óga idir 13 bliana d'aois agus 30 bliain d'aois¹⁸, oibrithe óige, baill foirne agus comhaltaí eagraíochtaí atá gníomhach i réimse na hóige;
- Maidir le tionscadail atá ábhartha i leith réimse an spóirt, seo a leanas na príomhspríocanna: gairmithe agus oibreoirí deonacha i réimse an spóirt, lúthchleasaithe agus cóitseálaithe.

Chun tuilleadh sonraí a fháil faoi na coinníollacha rannpháirtíochta i ngach Gníomhaíocht shonrach, féach Cuid B den Treoir seo.

EAGRAÍOCHTAÍ RANNPHÁIRTEACHA

Déanann eagraíochtaí rannpháirteacha tionscadail Erasmus+ a chur isteach agus a chur chun feidhme. Má roghnaítear tionscadal, tagann an eagraíocht is iarratasóir chun bheith ina tairbhí de dheontas Erasmus+. Síníonn na tairbhíthe comhaontú deontais a fhágann go bhfuil siad i dteideal tacaíocht airgeadais a fháil chun a dtionscadal a chur i gcrích.

Ní féidir le comhlachtaí de chuid an Aontais (cé is moite d'Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh) a bheith páirteach sa chuibhreannas.

¹⁸ Cuirtear teorainneacha aoise éagsúla i bhfeidhm ag brath ar na cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí. Chun breis faisnéise a fháil féach Cuid B den Treoir seo. Is fiú an méid seo a leanas a chur san áireamh freisin:

íosteorainneacha aoise – ní mór an aois íosta a bheith slánaithe ag na rannpháirtithe i ndáta tosaigh na gníomhaíochta.

uasteorainneacha aoise – níor cheart do na rannpháirtithe a bheith níos sine ná an aois uasta léirithe i ndáta tosaigh na gníomhaíochta.

Mar riail ghinearálta, ní mór d'eagraíochtaí atá rannpháirteach i dtionscadail Erasmus+ a bheith bunaithe i mBallstát de chuid AE nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Tá Gníomhaíochtaí áirithe oscailte d'eagraíochtaí rannpháirteacha ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár freisin, go háirithe i réimse an ardoideachais, an ghairmoideachais agus na gairmoilúna, agus na hóige agus an spóirt.

Braitheann na coinníollacha sonracha a bhaineann le bheith rannpháirteach i dtionscadal Erasmus+ ar an gcineál Gníomhaíochta a dtacaítear leis tríd an gClár. I dtéarmaí ginearálta, tá an clár oscailte d'aon eagraíocht atá gníomhach i réimsí an oideachais, na hoiliúna, na hóige nó an spóirt. Tá roinnt Gníomhaíochtaí oscailte freisin do rannpháirtíocht gníomhaithe eile sa mhargadh saothair.

Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach Cuid B den Treoir seo.

TÍORTHA INCHÁILITHE

Glacann Ballstáit an Aontais páirt iomlán i ngach gníomhaíocht den Chlár Erasmus+. Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán Erasmus+, tá na tíortha seo a leanas nach bhfuil san Aontas comhlachaithe leis an gClár:

- comhaltaí de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) atá ina gcomhaltaí den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (EEA): An Eilvéis, Íoslainn agus Lichtinstéin;
- stáit aontacha, tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha: Poblacht na Macadóine Thuaidh, Poblacht na Tuirc agus Poblacht na Seirbia;

Is éard a ghairfear ar Bhallstáit an Aontais agus ar na tíortha nach bhfuil san Aontas thuasluaite agus atá comhlachaithe leis an gClár ná **'Ballstáit de chuid an Aontais agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár'**.

Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 20 den Rialachán, is féidir le heintitis dhlíthiúla ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a bheith incháilithe i ngníomhaíochtaí Erasmus+ i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus chun leas an Aontais (dá ngairtear **'tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár'**) anseo feasta.

BALLSTÁIT AN AONTAIS EORPAIGH AGUS TÍORTHA NACH bhFUIL SAN AONTAS ATÁ COMHLACHAITHE LEIS AN gCLÁR

Is féidir leis na tíortha seo a leanas páirt iomlán a ghlacadh i ngach Gníomhaíocht de chuid an Chláir Erasmus+:

Ballstáit an Aontais Eorpaigh (AE) ¹⁹			
An Bheilg	An Ghréig	An Liotuáin	An Phortaingéil
An Bhulgáir	An Spáinn	Lucsamburg	An Rómáin
An tSeicia	An Fhrainc	An Ungáir	An tSlóivéin

¹⁹De réir Airteagal 33.2 de Chinneadh (AE) 2021/1764 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 maidir le Comhlachas na dtíortha agus na gCríoch Thar Lear leis an Aontas Eorpach, lena n-áirítear an caidreamh idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Ghraonlainn agus Ríocht na Danmhairge, den pháirt eile (an Cinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n-áirítear an Ghraonlainn) (EUR-Lex - 32021D1764 - GA - EUR-Lex (europa.eu)) cinnteoidh an tAontas go mbeidh daoine aonair agus eagraíochtaí ó thíortha agus Críocha Thar Lear nó chuig na tíortha agus críocha sin incháilithe do Erasmus+, faoi réir rialacha an Chláir agus na socrúithe atá infheidhme maidir leis an mBallstát lena bhfuil na tíortha agus críocha thar lear sin nasctha. Ciallaíonn sin go bhfuil daoine aonair agus eagraíochtaí ó thíortha agus críocha thar lear rannpháirteach sa chlár de réir an stádas 'Ballstát de chuid AE nó tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár', arb í an 'an Ballstát de chuid AE nó an tír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár' an Ballstát lena bhfuil siad nasctha. Tá liosta de na tíortha agus críocha thar lear le fáil ag: https://ec.europa.eu/international-partnerships/where-we-work/overseas-countries-and-territories_en

An Danmhairg	An Chróit	Málta	An tSlóvaic
An Ghearmáin	An Iodáil	An Ísiltír	An Fhionlainn
An Eastóin	An Chipir	An Ostair	An tSualainn
Éire	An Laitvia	An Pholainn	

Tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár ²⁰		
An Mhacadóin Thuaidh	An Íoslainn	An Iorua
An tSeirbia	Lichtinstéin	An Tuirc

TÍORTHA NACH BHFUIL SAN AONTAS AGUS NACH BHFUIL COMHLACHAITHE LEIS AN gCLÁR

Is féidir leis na tíortha seo a leanas páirt a ghlacadh i nGníomhaíochtaí áirithe de chuid an chláir, faoi réir critéir nó coinníollacha sonracha (féach Cuid B den Treoir seo chun an liosta beacht ar na tíortha incháilithe le haghaidh gach gníomhaíochta sonraí a fháil). Déanfar maoiniú a leithdháileadh ar eagraíochtaí sna tíortha laistigh dá gcríocha mar a aithnítear sa dlí idirnáisiúnta. Ní mór don mhaoiniú cloí le haon srian ar chúnamh seachtrach ón Aontas arna fhorchur ag an gComhairle Eorpach. Ní mór na hiarratais a bheith i gcomhréir le luachanna foriomlána an Aontais a bhaineann leis an meas ar dhínt an duine, leis an tsaoirse, leis an daonlathas, leis an gcomhionannas, leis an smacht reachta agus leis an meas ar chearta an duine, lena n-áirítear cearta daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad mar a fhoráiltear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

Tá na tíortha seo a leanas nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár i ngrúpa nua de réir ionstraimí gníomhaíochta seachtraí an Aontas, is iad sin an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – Ionstraim na hEorpa Domhanda (NDICI-an Eoraip Dhomhanda)²¹ agus an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPAI)²².

Na Balcáin Thiar (Réigiún 1)	An Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv ²³ , Montainéagró
Comharsanacht an Oirthir (Réigiún 2)	An Airméin, an Asarbaiseáin, an Bhealarúis, Críoch na hÚcráine mar a aithnítear leis an dlí idirnáisiúnta, an Mholdóiv, an tSeoirsia
Tíortha i nDeisceart na Meánmhara	An Ailgéir, an Éigipt, Iosrael ²⁴ , an Iordáin, an Liobáin, an Libia, Maracó, an Phalaistín ²⁵ , an tSiria ²⁶ , an Túinéis

²⁰ Faoi réir shíniú na gComhaontuithe Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus na tíortha sin.

²¹ Iris Oifigiúil L 209/2021 (europa.eu)

²² <https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/1529>

²³ Tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le UNSCR 1244 agus tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

(Réigiún 3)	
Cónaidhm na Rúise (Réigiún 4)	Críoch na Rúise mar a aithnítear leis an dlí idirnáisiúnta
Réigiún 5 An Áise²⁷	An Bhanglaidéis, an Bhútáin, an Chambóid, Daon- Phoblacht Dhaonlathach (DPD) na Cóiré, an India, an Indinéis, Laos, Maenmar, an Mhalaeisia, an Mhongóil, Neipeal, na hOileáin Philipíneacha, an Phacastáin, an tSín, Srí Lanca, an Téalainn agus Vítneam Tíortha ardioncaim: Brúiné, an Chóiré, Hong Cong, Macao, an tSeapáin, Singeapór agus an Téaváin
Réigiún 6 An Áise Láir²⁸	An Afganastáin, an Chasacstáin, an Chirgeastáin, an Táidsíceastáin, an Tuircméanastáin, an Úisbéiceastáin
Réigiún 7 An Meánoirthear	Éimin, an Iaráin, an Iaráic Tíortha ardioncaim: Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha, an Araib Shádach, Bairéin, Catar, Cuáit, Óman
Réigiún 8 An tAigéan Ciúin²⁹	Cireabaití, an Mhicrinéis, Nárú, Niue, Oileáin Cook, Oileáin Sholomón, Poblacht Dhaonlathach Thíomór Thoir, Poblacht Fhidsí, Poblacht Oileáin Marshall, Poblacht Oileáin Palau, Stát Neamhspleách Nua- Ghuine Phapua, Stát Neamhspleách Shamó, Tonga, Tuvalu, Vanuatú Tíortha ardioncaim: An Astráil, an Nua- Shéalainn
Réigiún 9 An Afraic Fho-Shahárach^{30 31}	An Aetóip, an Afraic Theas, Angóla, Beinín, an Bhotsuáin, Buircíne Fasó, an Bhurúin, Camarún, an Chéinia, an Congó, an Cósta Eabhair, Daon- Phoblacht Dhaonlathach an Chongó, Djibouti, an Eiritré, Esuaitíní, an Ghabúin, Gána, an Ghaimbia, an Ghuine, Guine Bissau, an Ghuine Mheánchiorclach, an Libia, Leosóta, Madagascar, Mailí, an Mhaláiv, an Mháratáin, Mayotte, Mósaimbíc, an Namaib, an Nigéir, an Nígir, Oileáin Chomóra, Oileán Mhuirís, Poblacht na hAfraice Láir, Poblacht Aontaithe na Tansáine, Poblacht Dhaonlathach an Chongó, Rinn Verde, Ruanda, an tSaimbia, São Tomé agus Príncipe, Sead, an tSeineagáil, na Séiséil, Siarra Leon, an tSiombáib, an tSomáil, an tSúdáin, an tSúdáin Theas, an Tansáin, Tóga, Uganda
Réigiún 10 Meiriceá Laidineach	An Airgintín, an Bholáiv, an Bhrasaíl, an Cholóim, Cósta Ríce, Eacuadór, Guatamala, Hondúras, Meicsiceo, Nicearagua, Panama, Paragua, Peiriú, an tSalvadóir, an tSile, Urugua agus Veiniséala
Réigiún 11 Muir Chairib³²	Antigua agus Barbúda, na Bahámaí, Barbadós, an Bheilís, Cúba, Doiminice, Greanáda, an Ghuáin, Háítí, Iamáice, Oileán na Tríonóide agus Tobága, an Phoblacht Dhoiminiceach, Saint

²⁴ Beidh feidhm leis na critéir incháilitheachta atá leagtha amach i bhfógra Uimh. 2013/C-205/05 (IOAE C-205 an 19/07/2013, lgh. 9-11) ón gCoimisiún maidir le gach gníomhaíocht a chuirtear chun feidhme tríd an Treoirleabhar seo, lena n-áirítear maidir le tríú páirtithe a fhaigheann tacaíocht airgeadais i gcásanna ina mbaineann an ghníomhaíocht ábhartha le tacaíocht airgeadais do thríú páirtithe ó thairbhíthe deontais i gcomhréir le hAirteagal 204 de Rialachán Airgeadais an Aontais.

²⁵ Ní fhorléireofar an tAinmníú seo mar aitheantas ar Stát na Palaistíne agus tá sé gan dochar do sheasaimh aonair na mBallstát maidir leis an tsaincheist seo.

²⁶ I gcomhréir le Conclúidí ón gComhairle in Aibreán 2018 ar an tSiria, níl bunaíochtaí poiblí Siríacha incháilithe chun maoiniú a fháil faoi Erasmus+.

²⁷ Is féidir na tíortha is lú forbairt ó na tíortha sin a aimsiú ag: DAC-List-of-ODA-Recipients-for-reporting-2022-23-flows.pdf (oecd.org)

²⁸ Mar atá thuas

²⁹ Mar atá thuas

³⁰ Mar atá thuas

³¹ Is príomhthíortha imirce nach bhfuil comhlachaithe leis an gclár iad na tíortha seo a leanas nach bhfuil san Aontas: An Aetóip, an Afraic Theas, Buircíne Fasó, an Bhurúin, an Cósta Eabhair, an Ghaimbia, an Ghuine, Mailí, an Mháratáin, an Nigéir, an Nígir, an tSeineagáil, an tSúdáin, an tSúdáin Theas

	Lucia, San Uinseann agus na Greanáidíní agus Suranam
Réigiún 12 Na Stáit Aontaithe agus Ceanada	Stáit Aontaithe Mheiriceá, Ceanada

Ní chumhdaítear na tíortha seo a leanas nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár faoi ionstraimí gníomhaíochta seachtraí:

Réigiún 13	Andóra, Monacó, San Mairíne, Stát Chathair na Vatacáine
Réigiún 14	An Eilvéis, Oileáin Fharó, an Ríocht Aontaithe

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach an tuairisc mhionsonraithe ar Ghníomhaíochtaí an Chláir i gCuid B den Treoir seo.

CEANGLAIS MAIDIR LE CEADANNA VÍOSAÍ AGUS CÓNAITHE

D'fhéadfadh go mbeadh ar rannpháirtithe i dtionscadail Erasmus+ víosa a fháil chun fanacht ar an gcoigríoch i mBallstáit an Aontais agus i dtíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a óstálann an ghníomhaíocht. Tá gach eagraíocht rannpháirteach freagrach as a áirithiú go mbeidh na húdaruithe is gá (víosaí gearrfhanachta nó fadfhanachta nó ceadanna cónaithe) in ord sula ndéantar an ghníomhaíocht phleanáilte. Moltar go láidir go n-iarrfar na húdaruithe ar na húdaráis inniúla i bhfad roimh ré, ós rud é go bhféadfadh sé tarlú go mairfeadh an próiseas ar feadh roinnt seachtainí. Féadfaidh Gníomhaireachtaí Náisiúnta agus an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin breis comhairle agus tacaíochta a thabhairt maidir le víosaí, ceadanna cónaithe, slándáil shóisialta, srl. Tá faisnéis ghinearálta ar Thairseach Inimirce an Aontais faoi cheadanna víosaí agus cónaithe le haghaidh gearrfhanachtaí agus fadfhanachtaí araon: <https://ec.europa.eu/immigration/>

³²Is féidir na tíortha is lú forbairt ó na tíortha sin a aimsiú ag: DAC-List-of-ODA-Recipients-for-reporting-2022-23-flows.pdf (oecd.org)

CUID B – FAISNÉIS FAOI NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ A CHUMHDAÍTEAR LEIS AN TREOIR SEO

Sa chuid seo, gheobhaidh na léitheoirí an fhaisnéis seo a leanas le haghaidh na nGníomhaíochtaí agus na ngníomhartha uile a chumhdaítear le Treoirleabhar ERASMUS+:

- tuairisc ar a gcuipóirí agus ar dtionchar measta;
- tuairisc ar na gníomhaíochtaí a dtacaítear leo;
- táblaí ina gcuirtear i láthair na critéir a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar thograí tionscadail;
- faisnéis úsáideach bhreise chun tuiscint mhaith a fháil ar an gcineál tionscadal a dtacaítear leo;
- tuairisc ar na rialacha cistiúcháin.

Sula gcuirtear iarratas isteach, moltar do na hiarratasóirí léamh tríd an roinn uile maidir leis an nGníomhaíocht faoinar mian leo iarratas a chur isteach, agus ina theannta sin, moltar dóibh léamh tríd an bhfaisnéis ghinearálta faoi thosaíochtaí, cuipóirí agus príomhghnéithe an chlár.

CÉ NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ A CHUIRTEAR I LÁTHAIR SA TREOIR SEO?

Sna ranna ‘Príomhghníomhaíocht 1’, ‘Príomhghníomhaíocht 2’ agus ‘Príomhghníomhaíocht 3’ cuirtear na Gníomhaíochtaí seo a leanas i láthair:

Príomhghníomhaíocht 1:

- Tionscadail soghluaisteachta le haghaidh foghlaimoirí agus baill foirne san ardoideachas, sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, san oideachas scoile, san oideachas aosach agus san oideachas óige;
- Gníomhaíochtaí um rannpháirtíocht óige.
- DiscoverEU – Gníomhaíocht Cuimsithe
- Soghluaisteacht le haghaidh cóitseálaithe spóirt
- Malartuithe fíorúla san ardoideachas agus san óige

Príomhghníomhaíocht 2:

- Comhpháirtíochtaí maidir leis an gComhar lena gcuimsítear:
 - Comhpháirtíochtaí Comhair;
 - Comhpháirtíochtaí ar scála beag.
- Comhpháirtíochtaí Barr Feabhais, lena n-áirítear:
 - Ionaid Barr Feabhais Gairme;
 - Gníomhaíocht Erasmus Mundus.
- Comhpháirtíochtaí um Nuálaíocht:
 - Comhaontais ar son na Nuálaíochta
 - Tionscadail réamhbhreathnaitheacha.
- Fothú Acmhainneachta i réimse an ardoideachais, an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, na hóige agus an spóirt.
- Imeachtaí spóirt Eorpacha seachbhrabúsacha.

Príomhghníomhaíocht 3:

- Óige na hEorpa le chéile

Gníomhaíochtaí Jean Monnet:

- Jean Monnet i réimse an ardoideachais
- Jean Monnet i réimsí oideachais agus oiliúna eile

Ina theannta sin, déantar gníomhaíochtaí áirithe de chuid an Chláir a chur chun feidhme trí ghlaonna sonracha ar thograí atá bainistithe go díreach ag an gCoimisiún Eorpach nó ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas. Chun breis faisnéise a fháil, tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin nó na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin.

PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHT 1: SOGHLUAISTEACHT FOGHLAMA DAOINE AONAIR

Leis na Gníomhaíochtaí a dtacaítear leo faoin bPríomhghníomhaíocht seo meastar go mbeidh tionchar dearfach fadmharthanach acu ar na rannpháirtithe agus ar na heagraíochtaí rannpháirteacha atá i gceist, agus ar na córais beartais ina bhfuil na gníomhaíochtaí sin ceaptha freisin.

A mhéid a bhaineann le daltaí, mic léinn, oiliúnaithe, printísigh, foghlaimeoir fásta agus daoine óga, is é is aidhm do na gníomhaíochtaí soghluaisteachta dá dtugtar tacaíocht faoin bPríomhghníomhaíocht seo ceann amháin nó níos mó de na torthaí seo a leanas a bhaint amach:

- feidhmíocht foghlama fheabhsaithe;
- infhostaitheacht fheabhsaithe agus ionchais ghairme fheabhsaithe;
- ciall tionscnaíochta agus fiontraíochta mhéadaithe;
- méadú ar an bhféinchumasú agus ar an bhféinmheas;
- inniúlachtaí teanga iasachta agus digiteacha feabhsaithe;
- feasacht idirchultúrtha fheabhsaithe;
- rannpháirtíocht níos gníomhaí sa tsochaí;
- idirghabháil dhearfach níos fearr le daoine ó chúlraí éagsúla;
- feasacht níos mó ar an tionscadal Eorpach agus ar luachanna an Aontais;
- breis spreagtha chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí oideachais nó oiliúna (foirmiúla/neamhfhoirmiúla) amach anseo i ndiaidh na tréimhse soghluaisteachta ar an gcoigríoch.

A mhéid a bhaineann le baill foirne, le hoibrithe óige agus le gairmithe ag a bhfuil baint leis an oideachas, leis an oiliúint agus leis an óige, meastar go dtiocfaidh ceann amháin nó níos mó de na torthaí seo a leanas as na gníomhaíochtaí soghluaisteachta:

- go mbeidh inniúlachtaí feabhsaithe iontu, nasctha lena bpróifíl gairme (an teagasc, an oiliúint, obair óige, srl.);
- go mbeidh tuiscint níos leithne acu ar chleachtais, ar bheartais agus ar chórais san oideachas, san oiliúint nó in obair óige ar fud tíortha;
- go mbeidh cumas níos mó iontu athruithe a spreagadh ó thaobh nuachóiriú agus oscailt idirnáisiúnta de laistigh dá n-eagraíochtaí oideachais;
- go mbeidh tuiscint níos fearr acu ar idirnáisc idir an t-oideachas foirmiúil agus neamhfhoirmiúil, an ghairmoiliúint agus an margadh saothair faoi seach;
- go mbeidh cáilíocht a n-oibre níos fearr agus go mbeidh a ngníomhaíochtaí i bhfabhar mic léinn, oiliúnaithe, printíseach, daltaí, foghlaimeoirí fásta agus daoine óga;
- tuiscint agus freagrúlacht níos fearr ar gach cineál éagsúlachta, mar shampla éagsúlacht shóisialta, eitneach, teanga, inscne agus chultúrtha chomh maith le cumais éagsúla;
- cumas níos fearr aghaidh a thabhairt ar riachtanais daoine ar lú na deiseanna atá acu;
- go mbeidh tacaíocht níos mó acu do ghníomhaíochtaí soghluaisteachta d'fhoghlaimeoirí agus go gcuirfear chun cinn níos mó iad;
- go mbeidh deiseanna níos mó acu chun forbairt ghairmiúil agus gairme a dhéanamh;
- inniúlachtaí teanga iasachta agus digiteacha feabhsaithe;
- go mbeidh siad níos spreagtha agus sásta ina n-obair laethúil.

Maidir le heagraíochtaí rannpháirteacha meastar go dtiocfaidh ceann amháin nó níos mó de na torthaí seo a leanas as gníomhaíochtaí a dtacaítear leo faoin nGníomhaíocht seo:

- inniúlacht mhéadaithe oibriú ar leibhéal an Aontais/ar an leibhéal idirnáisiúnta: scileanna bainistíochta agus straitéisí idirnáisiúnaithe feabhsaithe; comhar treisithe le comhpháirtithe ó thíortha eile; breis acmhainní airgeadais a leithdháileadh (seachas cistí ón Aontas) chun tionscadail ón Aontas/tionscadail idirnáisiúnta a eagrú; breis cáilíochta le linn tionscadail ón Aontas/idirnáisiúnta a ullmhú agus a chur chun feidhme agus le linn monatóireacht agus obair leantach a dhéanamh orthu;

- bealach nuálach agus feabhsaithe chun feidhmiú i leith a spriocghrúpaí, tríd an méid seo a leanas a sholáthar mar shampla: clár atá níos tarraingtí do mhic léinn, d'oiliúnaithe, do phrintísigh, agus do dhaoine óga i gcomhréir lena riachtanais agus lena n-ionchais; cáilíochtaí feabhsaithe na mball foirne teagaisc agus oiliúna; próisis fheabhsaithe chun inniúlachtaí a fuarthas le linn tréimhsí foghlama ar an gcoigríoch a aithint agus a bhailíochtú; breis gníomhaíochtaí éifeachtacha a théann chun tairbhe do phobail áitiúla, modhanna agus cleachtais fheabhsaithe maidir le hobair óige chun páirt ghníomhach a thabhairt do dhaoine óga agus/nó chun aghaidh a thabhairt ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, srl.;
- timpeallacht atá níos nua-aimseartha, dinimiciúla, tiomanta agus gairmiúla laistigh den eagraíocht: réidh chun dea-chleachtais agus modhanna nua a lánpháirtiú sna gníomhaíochtaí laethúla; i bhfabhar sineirgí le heagraíochtaí atá gníomhach i réimsí sóisialta, oideachasúla agus fostaíochta éagsúla; forbairt ghairmiúil a mball foirne a phleanáil go straitéiseach i ndáil le riachtanais aonair agus cuspóirí eagraíochtúla; cumarsáid a choinneáil ar bun, aistriú eolais agus for-rochtain feabhsuithe, más ábhartha, beidh siad in ann mic léinn agus baill foirne acadúla den scoth a mhealladh ó gach cearn den domhan.

Sa deireadh, maidir le héifeacht chomhcheangailte na scórtha mílte tionscadal a dtacaítear leo faoin bPríomhghníomhaíocht seo, meastar go mbeidh tionchar aige sin ar na córais oideachais, oiliúna agus óige sna tíortha rannpháirteacha, agus athchóirithe beartais á spreagadh ar an mbealach sin agus acmhainní nua á mealladh le haghaidh deiseanna soghluaisteachta san Eoraip agus lastall di.

Maidir leis sin, in 2023 leanfar den Chlár a chur i bhfeidhm chun iarmhairtí socheacnamaíocha agus iarmhairtí oideachas de thoradh ionradh na Rúise ar an Úcráin a mhaolú trí thacú le tionscadail soghluaisteachta a éascaíonn comhtháthú na ndaoine atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin

CAD IS TIONSCADAL SOGHLUAISTEACHTA ANN?

Gheobhaidh eagraíochtaí atá gníomhach i réimsí an oideachais, na hoiliúna agus na hóige tacaíocht ón gClár Erasmus+ chun tionscadail a chur i gcrích lena gcuirtear cineálacha éagsúla soghluaisteachta chun cinn. Beidh na céimeanna seo a leanas i gceist le tionscadal soghluaisteachta:

- **Pleanáil** (lena n-áirítear torthaí foghlama agus formáidí na gníomhaíochta a shainiú, an clár oibre a fhorbairt, na gníomhaíochtaí a sceidealú)
- **Ullmhú** (lena n-áirítear socrúithe praiticiúla, roghnú rannpháirtithe, comhaontuithe a chur ar bun le comhpháirtithe agus rannpháirtithe, rannpháirtithe a ullmhú ó thaobh foghlaim teanga/idirchultúrtha de agus ó thaobh na gcúraimí de roimh imeacht);
- **Cur chun feidhme** na ngníomhaíochtaí soghluaisteachta;
- **Obair leantach** (lena n-áirítear an mheastóireacht ar na gníomhaíochtaí, torthaí foghlama na rannpháirtithe a bhailíochtú agus a aithint go foirmiúil – i gcás inarb infheidhme – le linn na gníomhaíochta, chomh maith le scaipeadh agus úsáid thorthaí an tionscadail).

Leis an gClár Erasmus+ treisítear an tacaíocht a thairgtear do na rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí soghluaisteachta chun feabhas a chur ar a n-inniúlachtaí teanga iasachta roimh a dtréimhse fanachta ar an gcoigríoch agus lena linn, lena n-áirítear deontas breise le haghaidh tacaíocht teanga le haghaidh rannpháirtithe soghluaisteachta fadtéarmaí i réimsí an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna agus an oideachais scoile. Le seirbhís tacaíochta teanga ar líne (OLS) Erasmus+ soláthraítear an deis do na rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí soghluaisteachta measúnú a dhéanamh ar an eolas atá acu ar theangacha chomh maith le cúrsaí teanga a leanúint ar líne chun a n-inniúlachtaí a fheabhsú.

Thairis sin, tairgtear spás le Erasmus+ chun gníomhaíochtaí soghluaisteachta a fhorbairt lena bhfuil baint ag eagraíochtaí comhpháirtíochta ó chúlraí éagsúla agus iad gníomhach i réimsí éagsúla nó in earnálacha socheacnamaíocha éagsúla (mar shampla, cúrsaí oiliúna do mhic léinn ollscoile nó foghlaimoirí i réimse an

ghairmoideachais agus na gairmoiliúna i bhfiontair, eagraíochtaí neamhrialtasacha, comhlachtaí poiblí; múinteoirí i scoileanna a leanann cúrsaí forbartha gairmiúla i gcuideachtaí nó i lárionaid oiliúna; saineolaithe gnó a thugann léachtaí in institiúidí ardoideachais, srl.).

Is é an tríú gné thábhachtach den nuálaíocht agus de cháilíocht gníomhaíochtaí soghluaisteachta go bhfuil an fhéidearthacht ag eagraíochtaí rannpháirteacha Erasmus+ gníomhaíochtaí soghluaisteachta a eagrú laistigh de chreat straitéiseach leathan agus sa mheántéarma. Trí iarratas aonair ar dheontas, beidh comhordaitheoir tionscadail soghluaisteachta in ann roinnt gníomhaíochtaí soghluaisteachta a eagrú, rud a fhágann go mbeidh go leor daoine aonair in ann dul go dtí an choigríoch chuig tíortha éagsúla. Dá bharr sin, faoi Erasmus+ beidh na hiarratasóirí in ann a dtionscadal a cheapadh i gcomhréir le riachtanais na rannpháirtithe, ach de réir a bpleananna inmheánacha le haghaidh an idirnáisiúnaíthe, an fhothaithe acmhainneachta agus an nuachóirithe freisin.

Tá ról tábhachtach ag scéimeanna creidiúnúcháin chun tionchar ard Phríomhghníomhaíocht 1 a áirithiú. Le Cairt Ardoideachais Erasmus, creidiúnú Erasmus le haghaidh cuibhreannais soghluaisteachta ardoideachas agus creidiúnuithe Erasmus i réimsí an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, an oideachais scoile, an oideachais aosaigh agus na hóige, is féidir le heagraíochtaí tairbhiú de Phríomhghníomhaíocht 1 ar bhonn leanúnach, rud a fhágann gur féidir leo díriú ar chuspóirí fadtéarmacha agus ar an tionchar institiúideach.

Tacaítear leis na cineálacha tionscadal soghluaisteachta seo a leanas faoi Phríomhghníomhaíocht 1 den Chlár Erasmus+, ag brath ar phróifíl na rannpháirtithe atá i gceist:

I réimse an Oideachais agus na hOiliúna:

- Tionscadail soghluaisteachta le haghaidh mic léinn agus baill foirne ardoideachais;
- Tionscadail soghluaisteachta le haghaidh foghlaimeoirí agus baill foirne i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna;
- Tionscadail soghluaisteachta le haghaidh daltaí scoile agus baill foirne na scoile;
- Tionscadail soghluaisteachta le haghaidh foghlaimeoirí agus baill foirne san oideachas aosach.

I réimse na hÓige:

- Tionscadail soghluaisteachta do dhaoine óga – malartuithe Ógra
- Tionscadail soghluaisteachta le haghaidh oibrithe óige
- Gníomhaíochtaí um rannpháirtíocht óige
- Gníomhaíocht Cuimsithe DiscoverEU

Sna ranna thíos soláthraítear faisnéis mhionsonraithe faoi na critéir agus na coinníollacha ag a bhfuil feidhm maidir le gach cineál tionscadail soghluaisteachta.

TIONSCADAIL SOGHLUAISTEACHTA LE HAGHAIDH MIC LÉINN AGUS BAILL FOIRNE ARDOIDEACHAIS

Leis an ngníomhaíocht soghluaisteachta ardoideachais seo tacaítear le soghluaisteacht fhisiceach agus soghluaisteacht cumaisc mac léinn ardoideachais in aon réimse agus timthriall staidéir (an ghearrshraith, leibhéal an bhaitisiléara, na máistreachta agus na dochtúireachta). Is féidir le mic léinn staidéar a dhéanamh ar an gcoigríoch in institiúid ardoideachais comhpháirtíochta nó cúrsa oiliúna a dhéanamh i bhfiontar, in institiúid taighde, i saotharlann, in eagraíocht nó in aon áit oibre ábhartha eile ar an gcoigríoch. Ina theannta sin, is féidir le mic léinn tréimhse staidéir ar an gcoigríoch a chomhcheangal le cúrsa oiliúna, rud a chuireann tuilleadh feabhais ar thorthaí foghlama agus ar fhorbairt scileanna trasnaí. Cé go moltar an tsoghluaisteacht fhisiceach fhadtéarmach go láidir, leis an ngníomhaíocht seo aithnítear an gá atá ann fad soghluaisteachta fisicí níos solúbtha a thairiscint lena áirithiú go mbeidh an Clár inrochtana do mhic léinn is cuma an cúla óna dtagann siad, na cúinsí ina bhfuil siad agus na réimsí a bhfuil staidéar déanta acu orthu.

Leis an ngníomhaíocht seo tacaítear le baill foirne ardoideachais teagaisc agus riaracháin freisin le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí forbartha gairmiúla ar an gcoigríoch agus tacaítear le baill foirne ó shaol na hoibre freisin le mic léinn nó baill foirne in institiúidí ardoideachais a mhúineadh nó a chur faoi oiliúint. Is féidir go mbeidh tréimhsí teagaisc chomh maith le tréimhsí oiliúna i gceist leis na gníomhaíochtaí sin (amhail an scáthfhoghlaím, tréimhsí breathnóireachta, cúrsaí oiliúna).

Thairis sin, leis an ngníomhaíocht seo tacaítear le Dianchláir Chumaisc, rud a thugann deis do ghrúpaí institiúidí ardoideachais curaclaim agus gníomhaíochtaí soghluaisteachta cumaisc a fhorbairt go comhpháirteach le haghaidh mhic léinn agus baill foirne acadúla agus riaracháin chomh maith leis sin.

Cuspóirí na gníomhaíochta

Is é is cuspóir don ghníomhaíocht seo rannchuidiú le Limistéar Eorpach Oideachais a bhfuil for-rochtain dhomhanda aige a bhunú agus an nasc idir an t-oideachas agus an taighde a neartú.

Is é is cuspóir don ghníomhaíocht seo an infhostaitheacht, an cuimsiú sóisialta, rannpháirtíocht saoránach, an nuálaíocht agus an inbhuaínecomhshaoil a chothú san Eoraip agus lastall di trí mhic léinn ó gach réimse staidéir agus ó gach sraith staidéir a chumasú chun deis a bheith aige tabhairt faoi staidéar nó oiliúint ar an gcoigríoch mar chuid dá staidéar. Is iad seo a leanas cuspóirí na gníomhaíochta:

- tuairimí, eolas, modhanna teagaisc agus taighde chomh maith le cleachtais oibre éagsúla a nochtadh do mhic léinn ina réimse staidéir sa chomhthéacs Eorpach agus idirnáisiúnta;
- a scileanna trasnaí a fhorbairt amhail scileanna cumarsáide, teanga, smaointeoireachta criticiúla, réitigh fadhbanna, idirchultúrtha agus taighde;
- a scileanna réamhbhreathnaitheacha a fhorbairt, amhail scileanna digiteacha agus glasa lena féidir leo dul i ngleic le dúshláin an lae inniu agus amárach;
- an fhorbairt phearsanta a éascú amhail an cumas chun oiriúnú do staideanna nua agus an fhéinmhuinín.

Is é is cuspóir don ghníomhaíocht freisin a chumasú d'aon bhall foirne, lena n-áirítear baill foirne ó fhiontair, tabhairt faoin teagasc nó faoin oiliúint ar an gcoigríoch mar chuid den fhorbairt ghairmiúil chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a saíneolas a chomhroinnt;
- timpeallachtaí teagaisc nua a bhlaiseadh;
- scileanna deartha curaclaim nua nuálacha agus oideolaíochta agus scileanna digiteacha a fháil;
- nascadh lena bpiaraí ar an gcoigríoch chun gníomhaíochtaí coiteanna a fhorbairt le cuspóirí an chláir a bhaint amach;
- dea-chleachtais a mhalartú agus an comhar a fheabhsú idir institiúidí ardoideachais;
- mic léinn a ullmhú ar bhealach níos fearr do shaol na hoibre.

Ina theannta sin, is é is cuspóir don ghníomhaíocht forbairt curaclam trasnáisiúnta agus trasdisciplíneach a chothú chomh maith le bealaí nuálacha foghlama agus teagaisc, lena n-áirítear comhar ar líne, an fhoghlaím thaighdebhunaithe agus cineálacha cur chuige atá dúshlánbhunaithe arb é is cuspóir dóibh dul i ngleic le dúshláin shochoaíocha.

CONAS TEACHT AR DHEISEANNA SOGHLUAISTEACHTA ARDOIDEACHAIS ERASMUS+?

Ní mór don eagraíocht is iarratasóir a bheith bunaithe i mBallstát de chuid an Aontais nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár Erasmus+ agus ní mór di creidiúnú ardoideachais bailí a bheith aici. Féadfaidh an eagraíocht iarratas a dhéanamh mar institiúid ardoideachais aonair, agus Cairt Ardoideachais Erasmus (ECHE) á lorg aici, nó thar ceann cuibhreannais soghluaisteachta, agus creidiúnú cuibhreannais á lorg aici.

Creidiúnú d'eagraíocht aonair – Cairt Ardoideachais Erasmus

Ní mór Cairt Ardoideachais Erasmus (ECHE)³³ a bheith dáfa ar gach institiúid ardoideachais sula gcuireann siad iarratas ar thionscadal soghluaisteachta faoi bhráid a nGníomhaireachta Náisiúnta Erasmus+. Trí Chairt Ollscoile Erasmus a shíniú, geallann na hinstitiúidí ardoideachais go soláthróidh siad an tacaíocht uile is gá do rannpháirtithe soghluaiste, lena n-áirítear ullmhú teanga. Féadfaidh rannpháirtithe soghluaisteachta tacaíocht teanga ar líne a úsáid chun feabhas a chur ar a n-inniúlachtaí teanga iasachta roimh an tsoghluaisteacht agus/nó ina diaidh.

I measc phrionsabail eile ECHE, tá ar an institiúid ardoideachas rannpháirteach soghluaisteacht a dhéanamh le haghaidh staidéir agus teagaisc amháin laistigh den chreat de chomhaontuithe roimhe sin idir institiúidí agus rannpháirtithe féideartha a roghnú agus dámhachtainí soghluaisteachta a bhronnadh ar bhealach cothrom, trédhearcach, comhleánúnach agus doiciméadaithe, i gcomhréir le forálacha a comhaontaithe deontais leis an nGníomhaireacht Náisiúnta. Ba cheart dó nósanna imeachta cothroma agus trédhearcacha a áirithiú le linn na gcéimeanna soghluaisteachta uile agus sa phróiseas a bhaineann le fiosruithe/gearáin ó rannpháirtithe a fhreagairt. Ní mór don institiúid a chinntiú nach ngearrtar aon táille i gcás soghluaisteachta creidiúintí ar mhic léinn soghluaisteachta atá ag teacht isteach le haghaidh teagaisc, clárú, scrúduithe nó chun rochtain a fháil ar shaoráidí saotharlainne agus leabharlainne. I ndiaidh na soghluaisteachta, tá ar an institiúid a chinntiú freisin go n-aithníonn sí na torthaí ón tréimhse foghlama ar an gcoigríoch go huathoibríoch agus ina n-iomláine.

Is comhlánú ar ECHE iad treoirlínte ECHE³⁴, doiciméad lena dtacaítear le hinstitiúidí ardoideachais prionsabail ECHE a chur chun feidhme. Ní mór d'institiúid ardoideachais ECHE agus a threoirlínte tacaíochta a urramú go cuí agus na gníomhaíochtaí uile a éilíonn an creidiúnú sin á gcur chun feidhme. Ar an mbealach sin, cuirtear Féinmheasúnú ECHE³⁵ ar fáil chun tacú le hinstitiúidí ardoideachais chun rochtain a fháil ar conas atá ag éirí leo maidir le prionsabail ECHE a chur chun feidhme agus cé hiad na réimsí a bhféadfaí a neartú, chomh maith le moltaí a thairiscint faoin mbealach ar féidir feabhsú a thuilleadh.

Cé nach bhfuil institiúidí ardoideachais i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár incháilithe chun ECHE³⁶ a shíniú, ní mór dóibh prionsabail ECHE a urramú. Dá bhrí sin, ní mór gnéithe ar nós roghnú

³³ https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/resources/documents/applicants/higher-education-charter_ga

³⁴ https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/resources/documents/erasmus-charter-higher-education-2021-2027-guidelines_en

³⁵ https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/eche/start_en

³⁶ Cé is moite d'institiúidí ardoideachais ó thíortha nach bhfuil san Aontas atá sna Balcáin Thiar agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, chun críocha an Ghlaio ar Thograí maidir le Tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha, a bhfuil siad incháilithe ina leith.

cothrom agus trédhearcach rannpháirtithe, aitheantas ar thorthaí foghlama agus an tacaíocht riachtanach uile a thairgtear do rannpháirtithe soghluaisteacha a chur in iúl go sainráite sa chomhaontú idirinstiúideach le haghaidh soghluaisteacht idirnáisiúnta.

Creidiúnú grúpa – Creidiúnú Erasmus le haghaidh cuibhreannais soghluaisteachta ardoideachais

Anuas ar institiúidí ardoideachais aonair, féadfaidh grúpaí d'institiúidí ardoideachais iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú le haghaidh tionscadal soghluaisteachta ardoideachais. Tugtar cuibhreannas soghluaisteachta ar ghrúpa den sórt sin. Ní mór don chuibhreannas soghluaisteachta creidiúnú Erasmus le haghaidh cuibhreannais soghluaisteachta ardoideachais a bheith aige.

Déanann comhordaitheoir an chuibhreannais soghluaisteachta iarratas ar an gcreidiúnú Erasmus le haghaidh cuibhreannas soghluaisteachta ardoideachais agus ar dheontas Erasmus+ thar ceann cuibhreannas soghluaisteachta. Is í an Gníomhaireacht Náisiúnta chéanna a dhéanann measúnú ar an iarraidh ar mhaoiniú le haghaidh tionscadal soghluaisteachta ardoideachais a dhámhann an creidiúnú sin. Is féidir na hiarrataí ar chreidiúnú agus ar dheontais le haghaidh tionscadail soghluaisteachta a dhéanamh le linn an ghlaó chéanna. Mar sin féin, ní dhámhfar an deontas le haghaidh tionscadail soghluaisteachta ach amháin ar na grúpaí institiúidí ardoideachais agus ar na heagraíochtaí sin a bhfuil rath orthu i ndeireadh an phróisis creidiúnúcháin.

Chun creidiúnú cuibhreannais a fháil, ní mór na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Eagraíochtaí rannpháirteacha incháilithe	Is féidir le cuibhreannas soghluaisteachta san ardoideachas a bheith comhdhéanta de na heagraíochtaí rannpháirteacha seo a leanas: ▪ institiúidí ardoideachais a bhfuil cairt ollscoile Erasmus bhailí acu; ▪ aon eagraíocht phoiblí nó phríobháideach atá gníomhach sa mhargadh saothair nó i réimsí an oideachais, na hoiliúna agus na hóige. Ní mór do gach eagraíocht rannpháirteach a bheith bunaithe sa Bhallstát céanna de chuid AE nó sa tír chéanna nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Ní féidir cuibhreannas soghluaisteachta a bheith bunaithe i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. Ní mór gach eagraíocht is comhalta den chuibhreannas soghluaisteachta a shainaithint tráth a dhéantar iarratas ar an gcreidiúnú cuibhreannais.
Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Is féidir le haon eagraíocht rannpháirteach incháilithe gníomhú mar chomhordaitheoir agus iarratas a dhéanamh thar ceann na n-eagraíochtaí uile ag a bhfuil baint leis an gcuibhreannas.
An líon eagraíochtaí rannpháirteacha	Ní mór ar a laghad trí eagraíocht rannpháirteacha incháilithe, lena n-áirítear dhá institiúid ardoideachais, a bheith i gcuibhreannas soghluaisteachta.
Fad an chreidiúnúcháin cuibhreannais	Tréimhse iomlán an chlár. Tar éis bhronnadh an chreidiúnaithe, beidh gá le hiarratas nua a chur isteach le haghaidh creidiúnú má tá athruithe substaintiúla ar chomhdhéanamh an chuibhreannais soghluaisteachta.
Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh?	Faoi bhráid Gníomhaireacht Náisiúnta na tíre ina bhfuil an eagraíocht is iarratasóir bunaithe.
Cathain is féidir iarratas	Ní mór d'iarratasóirí a n-iarratas creidiúnaithe a chur isteach faoin 23 Feabhra ar 12:00:00

a dhéanamh?	(meán lae am na Buiséile) le haghaidh tionscadail dar tús an 1 Meitheamh an bhliain chéanna nó i mblianta ina dhiaidh sin.
larratas a dhéanamh	Féach cuid C den Treoir seo le haghaidh sonraí faoi conas iarratas a dhéanamh.

CRITÉIR DHÁMHACHTANA

Déanfar measúnú ar an iarratas ar chreidiúnú de réir na gcritéir dámhachtana seo a leanas:

Ábharthacht an chuibhreannais (scór uasta 30 pointe)	▪ Ábharthacht an togra i leith an mhéid seo a leanas: - cuspóirí na gníomhaíochta; - riachtanais agus cuspóirí na n-eagraíochtaí atá rannpháirteach sa chuibhreannas agus riachtanais agus cuspóirí na rannpháirtithe aonair. ▪ A mhéid atá an togra oiriúnach don mhéid seo a leanas: - torthaí foghlama ardcháilíochta a sholáthar do rannpháirtithe; - inniúlachtaí agus raon feidhme idirnáisiúnta na n-eagraíochtaí atá rannpháirteach sa chuibhreannas a threisiú; - breisluach a thabhairt ar leibhéal an Aontais trí thorthaí nach bhfaighfí le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag gach institiúid ardoideachais aonair.
Cáilíocht chomhdhéanamh an chuibhreannais agus na socruithe comhair (scór uasta 20 pointe)	▪ A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh: - baineann an cuibhreannas le comhdhéanamh iomchuí d'institiúidí ardoideachais seolta ag a bhfuil, i gcás inarb ábhartha, eagraíochtaí rannpháirteacha comhlántacha ó earnálacha socheacnamaíocha eile ag a bhfuil an phróifíl, an taithí agus an saineolas is gá chun gach gné den tionscadal a chur i gcrích go rathúil; - tá taithí ag comhordaitheoir an chuibhreannais i mbainistíocht cuibhreannais nó cineáil tionscadail chomhchosúil; - tá dáileadh na ról, na bhfreagrachtaí agus na gcúraimí/na n-acmhainní dea-shainithe agus léirítear gealltanais agus rannchuidiú gníomhach na n-eagraíochtaí rannpháirteacha uile leis sin; - déantar na cúraimí/na hacmhainní a chomhthiomsú agus a chomhroinnt; - tá na freagrachtaí soiléir le haghaidh saincheisteanna bainistíochta conarthaí agus airgeadais; - tá baint ag nuatheachtaithe agus eagraíochtaí ag a bhfuil níos lú taithí chuig an ngníomhaíocht leis an gcuibhreannas.
Cáilíocht dhearadh agus chur chun	▪ Soiléireacht, iomláine agus cáilíocht gach céime de thionscadal

feidhme na gníomhaíochta cuibhreannais (scór uasta 20 pointe)	soghluaisteachta (ullmhú, cur chun feidhme gníomhaíochtaí soghluaisteachta, agus an obair leantach); ▪ Cáilíocht na socruithe praiticiúla, na bainistíochta agus na módúlachtaí tacaíochta (mar shampla ósteagraíochtaí a aimsiú agus ó thaobh an chomhoiriúnaithe, na faisnéise, na tacaíochta teanga agus idirchultúrtha agus na monatóireachta de); ▪ Cáilíocht an chomhair, an chomhordaithe agus na cumarsáide idir na heagraíochtaí rannpháirteacha agus idir geallsealbhóirí ábhartha chomh maith leis sin; ▪ I gcás inarb ábhartha, cáilíocht na socruithe chun torthaí foghlama na rannpháirtithe a aithint agus a bhailíochtú, chomh maith le húsáid chomhleanúnach uirlisí trédhearcachta agus aitheantais Eorpacha; ▪ Más infheidhme, a iomchuí atá na bearta chun rannpháirtithe a roghnú sna gníomhaíochtaí soghluaisteachta agus chun daoine ar lú na deiseanna atá acu a chur chun cinn le bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí soghluaisteachta.
Tionchar agus scaipeadh (scór uasta 30 pointe)	▪ Cáilíocht na mbeart chun meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí na ngníomhaíochtaí faoi stiúir an chuibhreannais; ▪ Tionchar féideartha an tionscadail: - ar rannpháirtithe agus eagraíochtaí rannpháirteacha le linn shaolré an tionscadail agus ina dhiaidh sin; - lasmuigh de na heagraíochtaí agus ar dhaoine aonair atá go díreach rannpháirteach sa tionscadal, ar an leibhéal institiúideach, áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta. ▪ A iomchuí atá na bearta, agus cáilíocht na mbeart, arb é is aidhm dóibh torthaí na ngníomhachtaí faoi stiúir an chuibhreannais a scaipeadh laistigh agus lasmuigh de na heagraíochtaí rannpháirteacha agus comhpháirtíochta.

Ní mór 60 pointe ar a laghad a bhaint amach le togra chun go gcuirfear san áireamh le haghaidh creidiúnú é. Thairis sin, ní mór dóibh ar a laghad leath na bpointí scóir uasta le haghaidh gach critéir dámhachtana a bhaint amach.

Tionscadal a bhunú

Déanann an eagraíocht is iarratasóir iarratas ar dheontas an tionscadail soghluaisteachta agus síníonn agus cuireann sí an comhaontú deontais agus an tuairisciú chun feidhme agus déanann sí an tuairisceoireacht.

Glacann eagraíochtaí rannpháirteacha ag a bhfuil baint sa tionscadal soghluaisteachta na ról agus na cúraimí seo a leanas:

- Eagraíocht seolta: i gceannas ar mhic léinn/baill foirne a roghnú agus ar iad a sheoladh chuig an gcoigríoch. Cuimsítear íocaíochtaí deontais freisin leis na freagrachtaí sin (le haghaidh rannpháirtithe i mBallstáit an Aontais agus i dtíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gclár), ullmhú, monatóireacht agus aitheantas uathoibríoch a bhaineann leis an tréimhse soghluaisteachta.
- Ósteagraíocht: i gceannas ar mhic léinn/baill foirne a ghlacadh ón gcoigríoch agus ar chlár staidéir/cúrsa oiliúna nó clár gníomhaíochtaí oiliúna a thairiscint dóibh, nó a bhaineann tairbhe as gníomhaíocht teagaisc. Cuimsítear

leis na freagrachtaí sin íocaíochtaí deontais (chuig na rannpháirtithe sin a thagann ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár),

- An eagraíocht idirghabhálaí: is í sin an eagraíocht atá gníomhach sa mhargadh saothair nó i réimsí an oideachais, na hoiliúna agus na hoibre óige i mBallstát de chuid AE nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Is féidir go mbeidh sí ina comhalta de chuibhreannas soghluaisteachta, ach ní eagraíocht seolta í. Is é an ról atá aici nósanna imeachta riaracháin na n-institiúidí ardoideachais seolta a chomhroinnt agus a éascú agus próifílí mac léinn a chur le chéile ar bhealach níos fearr le riachtanais fiontar i gcás cúrsaí oiliúna agus rannpháirtithe a ullmhú go comhpháirteach.

Ní mór do na heagraíochtaí seolta agus ósteagraíochtaí, i dteannta na mac léinn/na mball foirne, teacht ar chomhaontú maidir leis na gníomhaíochtaí atá le déanamh ag na mic léinn – i ‘gcomhaontú foghlama’ – nó ag baill foirne – i ‘gcomhaontú soghluaisteachta’ – roimh thús na tréimhse soghluaisteachta. Sna comhaontuithe sin, sainítear an t-inneachar le haghaidh na tréimhse soghluaisteachta ar an gcoigríoch agus sonraítear forálacha aitheantais fhoirmiúil gach páirtí. Leagtar amach na cearta agus na hoibleagáidí sa chomhaontú deontais a shínítear idir an tairbhí agus an rannpháirtí. Nuair a bhaineann an ghníomhaíocht le dhá institiúid ardoideachais (soghluaisteacht mac léinn le haghaidh staidéir lena n-áirítear an tsoghluaisteacht cumaisc, agus soghluaisteacht ball foirne le haghaidh an teagaisc), ní mór ‘comhaontú idir-institiúideach’ a bheith i bhfeidhm idir na hinstitiúidí seolta agus óstacha sular féidir malartuithe a dhéanamh.

Gnéithe cothrománacha

Agus tionscadal soghluaisteachta á dhearadh, ní mór na gnéithe cothrománacha a leanas a neartú:

AN CUIMSIÚ AGUS AN ÉAGSÚLACHT SA TSOGLUAISTEACHT ARDOIDEACHAIS

Chun gur féidir rochtain a fháil ar shoghluaisteacht mac léinn agus ball foirne ar an mbealach is éasca agus is féidir, i gcomhréir le prionsabal ECHE, ní mór d’institiúidí ardoideachais rochtain agus deiseanna comhionanna cothroma a áirithiú le haghaidh rannpháirtithe reatha agus ionchasacha ó gach cúlra. Ciallaíonn sin rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu a áireamh, amhail rannpháirtithe ag a bhfuil riochtaí fisiceacha, meabhracha agus sláinte, mic léinn ar a bhfuil leanaí, mic léinn a oibríonn nó atá ina lúthchleasaithe gairmiúla agus mic léinn ó gach réimse staidéir ag a bhfuil tearcionadaíocht sa tsoghluaisteacht. Maidir le nósanna imeachta inmheánacha a shainiú lena gcuirtear an cothromas agus an cuimsiú san áireamh agus lena ndéantar measúnú ar fhiúntas agus spreagadh na n-iarratasóirí go hiomlánaíoch, tá ríthábhacht leis sin chun an prionsabal sin a urramú. Thairis sin, moltar d’institiúidí ardoideachais deiseanna réamhshocraithe a bhunú, amhail deiseanna soghluaisteachta laistigh dá gcuraclaim chun cabhrú le rannpháirtíocht mac léinn ó gach réimse staidéir a éascú. Maidir leis sin, is féidir leis an tsoghluaisteacht cumaisc a bheith ina cuidiú le deiseanna breise a thairiscint a d’fhéadfadh a bheith níos oiriúnaí do dhaoine aonair nó grúpaí mac léinn áirithe. Sa chomhthéacs sin, nuair atá oifigigh chuimsithe lonnaithe laistigh de na hinstitiúidí ardoideachais sin, cuidíonn sin le haghaidh a thabhairt ar an gcuimsiú agus ar an éagsúlacht. Is féidir le hoifigigh chuimsithe mar shampla cabhrú le feasacht a mhúscailt, straitéisí cumarsáide agus for-rochtana a shainiú, tacaíocht leordhóthanach a áirithiú ar feadh na soghluaisteachta i gcomhar le comhghleacaithe ábhartha agus cabhrú leis an gcomhar a éascú idir baill foirne ábhartha laistigh den institiúid ag a bhfuil saineolas i réimse an chuimsithe agus na héagsúlachta.

AN INBHUAINE COMHSHAOIL AGUS CLEACHTAIS GHLASA SA TSOGLUAISTEACHT ARDOIDEACHAIS

I gcomhréir le prionsabail ECHE, ní mór d’institiúidí ardoideachais cleachtais atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur chun cinn i ngach gníomhaíocht a bhaineann leis an gClár. Ciallaíonn sin úsáid córacha iompair inbhuanaithe a chur chun cinn le haghaidh na soghluaisteachta, bearta a dhéanamh chun imeachtaí, comhdhálacha agus cruinnithe a bhaineann le soghluaisteacht Erasmus+ a eagrú ar bhealach atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol, agus próisis dhigiteacha a chur in ionad próisis riaracháin pháipéarbhunaithe (i gcomhréir le caighdeán agus amlíne Thionscnamh na gCártaí Mac Léinn Eorpacha). Ina theannta sin, ba cheart d’institiúidí ardoideachais feasacht a mhúscailt i measc na

rannpháirtithe uile faoi bhearta éagsúla is féidir leo a dhéanamh agus iad ar an gcoigríoch chun loirg charbóin agus chomhshaoil a ngníomhaíochtaí soghluaisteachta a laghdú agus monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn chun gníomhaíochtaí soghluaisteachta mac léinn agus ball foirne atá níos inbhuanaithe a bhaint amach.

AN DIGITIÚ AGUS AN T- OIDEACHAS AGUS SCILEANNA DIGITEACHA SA TSOGLUAISTEACHT ARDOIDEACHAIS

I gcomhréir le prionsabail ECHE, ba cheart d'institiúidí ardoideachais bainistíocht dhigiteach ar shoghluaisteacht mac léinn a chur chun feidhme i gcomhréir le caighdeáin theicniúla Thionscnamh na gCártaí Mac Léinn Eorpacha. Ciallaíonn sin nach mór d'institiúidí ardoideachais atá rannpháirteach sa chlár nascadh le Líonra Erasmus gan Pháipéar chun sonraí soghluaisteachta a mhalartú agus comhaontuithe foghlama ar líne agus comhaontuithe idir institiúideacha digiteacha a mhalartú a luaithe agus atá na gnéithe sin oibríochtúil³⁷. Is féidir le hinstitiúidí ardoideachais a gcistí tacaíochta eagraíochtúla a úsáid le haghaidh chur chun feidhme na bainistíochta soghluaisteachta digití. Ba cheart do na hinstitiúidí an tsoghluaisteacht cumaisc a chur chun cinn, meascán de shoghluaisteacht fhisiceach le comhchuid fhíorúil, laistigh dá n- institiúid chun formáidí soghluaisteachta níos solúbtha a thairiscint agus torthaí foghlama agus tionchar na soghluaisteachta fisicí a fheabhsú a thuilleadh. Ní mór d'institiúidí ardoideachais cáilíocht na ngníomhaíochtaí soghluaisteachta cumaisc agus aitheantas foirmiúil le haghaidh rannpháirtíocht sa tsoghluaisteacht cumaisc a áirithiú, lena n- áirítear an comhchuid fhíorúil. Ba cheart do na hinstitiúidí feasacht a mhúscaill freisin i measc a mac léinn agus a mball foirne faoi dheiseanna laistigh den chlár chun scileanna digiteacha ábhartha a fháil agus a fhorbairt a thuilleadh i ngach réimse staidéir, lena n- áirítear Cúrsaí Oiliúna sa Deis Dhigiteach do mhic léinn agus do chéimithe nua chun scileanna digiteacha a fhorbairt a thuilleadh nó a fháil³⁸. Is féidir le baill foirne teagaisc agus riaracháin tairbhiú freisin den oiliúint i scileanna digiteacha chun scileanna digiteacha ábhartha a fháil le húsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha i gcúrsaí agus chun an riarachán a dhigitiú.

RANNPÁIRTÍOCHT AGUS GNÍOMHAÍOCHT SHIBHIALTA

Is é is aidhm don chlár cuidiú leis na rannpháirtithe teacht ar na tairbhíthe a bhaineann leis an tsaoránacht agus leis an rannpháirtíocht ghníomhach sa saol daonlathach. Ba cheart do ghníomhaíochtaí soghluaisteachta a fhaigheann tacaíocht scileanna rannpháirtíochta a threisiú i réimsí éagsúla den tsochaí shibhialta, agus i bhforbairt inniúlachtaí sóisialta agus idirchultúrtha, na smaointeoireachta criticiúla agus na litearthachta sna meáin. Aon uair is féidir, le tionscadail ba cheart deiseanna a thairiscint do dhaoine a bheith rannpháirteach sa saol daonlathach chomh maith le deiseanna le haghaidh rannpháirtíocht shaoránach agus shóisialta trí ghníomhaíochtaí foghlama foirmiúla nó neamhfhoirmiúla, chomh maith le cleachtais de chomhchruthú agus comhdhearadh maidir le gníomhaíochtaí foghlama a chothú. Tuiscint rannpháirtithe ar an Aontas Eorpach agus ar chomhluchanna Eorpacha, agus meas ar phrionsabail dhaonlathacha, dínit an duine, an aontacht agus an éagsúlacht, idirphlé idirchultúrtha, chomh maith le hoidhreacht shóisialta, chultúrtha agus stairiúil Eorpach san áireamh, ba cheart tuiscint na rannpháirtithe ar na gnéithe sin a fheabhsú trí rannpháirtíocht sna soghluaisteachtaí.

³⁷ Tá an amlíne le haghaidh bainistíocht soghluaisteachta i gcás soghluaisteachta idirnáisiúnta á forbairt a thuilleadh ag an gCoimisiún Eorpach agus cuirfear í in iúl ag céim níos déanaí.

³⁸ Measfar gur 'cúrsa oiliúna i scileanna digiteacha' é aon chúrsa oiliúna do mhic léinn nuair a dhéanann an t-oiliúnaí ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas: an mhargaíocht dhigiteach (mar shampla bainistíocht na meán sóisialta, anailísíocht gréasáin); dearadh digiteach, grafach, meicniúil nó ailtireachta; forbairt aipeanna, bunachar sonraí, scrípteanna, nó suíomhanna gréasáin; córais agus líonraí TF a shuiteáil, a chothabháil agus a bhainistiú; an chibearshlándáil; anailísíocht sonraí, an mhianadóireacht agus léirshamlú; róbaít agus feidhmchláir intleachta saorga a ríomhchlárú agus oiliúint a chur orthu. Ní mheastar go bhfuil tacaíocht custaiméara chineálach, comhlíonadh orduithe, iontráil sonraí ná cúraimí oifige sa chatagóir seo.

Tuairisc ar na gníomhaíochtaí

Soghluaisteacht mac léinn

Is féidir soghluaisteacht a dhéanamh in aon réimse staidéir agus aon sraith staidéir (gearrshraith/céim bhaitisiléara/máistreacht/dochtúireacht). Chun a chinntiú go mbeidh gníomhaíochtaí soghluaisteachta ardcháilíochta ann agus oiread tionchair agus is féidir acu ar na mic léinn, ní mór an ghníomhaíocht soghluaisteachta a bheith comhoiriúnach le riachtanais foghlama agus forbartha pearsanta an mhic léinn ó thaobh na céime de.

Féadfaidh na mic léinn na gníomhaíochtaí ar a bhfuil tuairisc thíos a dhéanamh:

- **Tréimhse staidéir** ar an gcoigríoch ag institiúid ardoideachais comhpháirtíochta. Ní mór an tréimhse staidéir ar an gcoigríoch a bheith mar chuid de chlár staidéir an mhic léinn chun céim a chur i gcrích ag aon timthriall staidéir. Féadfaidh tréimhse cúrsa oiliúna a bheith san áireamh i dtréimhse staidéir ar an gcoigríoch freisin. Le meascán den sórt sin cruthaítear sineirgí idir an taithí acadúil agus an taithí ghairmiúil ar an gcoigríoch. I dtéarmaí ualach oibre, i dtíortha atá mar chuid de Limistéar Eorpach an Ardoideachais (EHEA) is comhpháirteanna oideachais atá comhdhéanta de modúil lena ndéantar 60 creidiúint ECTS (nó aonaid chomhionanna i dtíortha atá lasmuigh de EHEA) atá in aon bhliain acadúil amháin de staidéar lánaimseartha. Moltar, maidir le tréimhsí soghluaisteachta atá níos gairide ná bliain acadúil iomlán amháin, gur cheart na gnéithe oideachasúla atá san áireamh sa chomhaontú foghlama a choigeartú go comhréireach.
- **Cúrsa oiliúna** (socrúchán oibre, intéirneacht) ar an gcoigríoch i bhfiontar, in institiúid taighde, i saotharlann, in eagraíocht nó in aon áit oibre ábhartha eile. Tacaítear le cúrsaí oiliúna ar an gcoigríoch le linn staidéar a dhéanamh ag aon timthriall staidéir agus do chéimithe nua. Áirítear leis sin cúntóireachtaí múinteoireachta freisin do mhic léinn faoi oiliúint agus do mhúinteoirí agus cúntóireachtaí múinteoireachta do mhic léinn agus d'iarrthóirí dochtúireachta in aon saoráid taighde ábhartha. Chun na sineirgí a fheabhsú a thuilleadh le Fís Eorpach, is féidir na soghluaisteachtaí sin a chur i gcrích freisin i gcomhthéacs thionscadail taighde mhaoinithe an chlár Fís Eorpach, agus an prionsabal nach ndéanfaidh an tAontas aon mhaoiniú dubailte ar ghníomhaíochtaí á urramú. Aon uair is féidir, ba cheart an cúrsa oiliúna a bheith ina chuid chomhtháite de chlár staidéir an mhic léinn. I dtéarmaí ualach oibre, i bprionsabail tá ar na rannpháirtithe oibriú go lánaimseartha, bunaithe ar am oibre na heagraíochta óstaí.

An tsoghluaisteacht dochtúireachta

Chun freastal ar riachtanais foghlama agus oiliúna éagsúla iarrthóirí dochtúireachta ar bhealach níos fearr agus chun comhionannas deiseanna le baill foirne a bhfuil stádas ardoideachais acu a chinntiú, is féidir le hiarrthóirí dochtúireachta agus céimithe nua ('taighdeoirí iardhochtúireachta')³⁹ staidéar fisiceach gearrthéarmach nó fadtéarmach a dhéanamh nó tréimhsí soghluaisteachta a chaitheamh i mbun cúrsa oiliúna ar an gcoigríoch. Moltar comhchuid fhíorúil a chur leis an tsoghluaisteacht fisiceach.

Soghluaisteacht cumaisc

Féadfar aon tréimhse staidéir nó cúrsa oiliúna ar an gcoigríoch gan beann ar an bhfad, lena n-áirítear an tsoghluaisteacht dochtúireachta, a chur i gcrích mar **shoghluaisteacht cumaisc**. Is éard atá i gceist leis an tsoghluaisteacht chumaisc meascán den tsoghluaisteacht fisiceach le comhchuid fhíorúil lena n-éascaítear malartú

³⁹ Féadfaidh taighdeoirí iardhochtúireachta a bheith rannpháirteach i gcúrsaí oiliúna leis na ceanglais chéanna le haon chéimí nua eile laistigh de 12 mhí i ndiaidh céim a bhaint amach. I gcás na dtíortha sin inar gá do na céimithe clárú le haghaidh seirbhís mhíleata nó shibhialta éigeantach i ndiaidh bhronnadh na céime, déanfar an tréimhse incháilitheachta le haghaidh céimithe nua a fhadú de réir fhad na seirbhíse sin.

foghlaimeoír ar líne agus obair bhuíne. Mar shampla, leis an gcomhchuid fhíorúil is féidir foghlaimeoirí ó thíortha agus réimsí staidéir éagsúla a thabhairt le chéile ar líne chun cúrsaí ar líne a leanúint nó oibriú go comhchoiteann agus go comhuaineach ar thascanna atá aitheanta mar chuid dá staidéar.

Is féidir le haon mhac léinn dul i mbun na soghluaisteachta cumaisc freisin trí bheith rannpháirteach i **ndianchlár cumaisc** de réir na gcritéar incháilitheachta sonrach le haghaidh dianchlár cumaisc, ar a ndéantar tuairisc sa Treoir seo.

Ina theannta sin, maidir le mic léinn (sa timthriall ghearr/bhairsiléara/mháistreachta) nach bhfuil in ann a bheith rannpháirteach i réimse staidéir atá fisiceach fadtéarmach ná i soghluaisteacht cúrsa oiliúna, mar shampla, mar gheall ar a réimse staidéir nó toisc go bhfuil deiseanna rannpháirtíochta níos lú acu, beidh siad in ann soghluaisteacht fhisiceach ghearrthéarmach a chur i gcrích trína comhcheangal le comhchuid fhíorúil éigeantach.

Soghluaisteacht ball foirne

Féadfaidh aon chineál baill foirne den ardoideachas nó foireann ó lasmuigh de na hinstiúidí ardoideachais dá dtugtar cuireadh soghluaisteacht foirne a dhéanamh. Chun gníomhaíochtaí soghluaisteachta ardcháilíochta a áirithiú agus tionchar uasta acu, ní mór baint a bheith ag an ngníomhaíocht shoghluaiste le forbairt ghairmiúil na mball foirne agus aghaidh a thabhairt léi ar a riachtanais foghlama agus forbartha pearsanta.

Féadfaidh baill foirne aon cheann de na gníomhaíochtaí ar a bhfuil tuairisc thíos a dhéanamh:

- **Tréimhse theagaisc** ar an gcoigríoch ag instiúid ardoideachais comhpháirtíochta. Leis an tréimhse theagaisc ar an gcoigríoch is féidir le haon bhall foirne teagaisc ag instiúid ardoideachais nó le haon bhall foirne ó fhiontair tabhairt faoin teagasc ag instiúid ardoideachais comhpháirtíochta ar an gcoigríoch. Is féidir an tsoghluaisteacht ball foirne le haghaidh an teagaisc a bheith in aon réimse staidéir.
- **Tréimhse oiliúna** ar an gcoigríoch ag instiúid nó fiontar ardoideachais comhpháirtíochta nó ag aon áit oibre ábhartha eile. Leis an tréimhse oiliúna ar an gcoigríoch cuirtear é ar a chumas d'aon bhall foirne ag instiúid ardoideachais páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht oiliúna ar an gcoigríoch atá ábhartha i leith a n-oibre laethúla san instiúid ardoideachais. Is féidir go mbeidh sí i bhfoirm imeachtaí oiliúna (gan comhdhálacha san áireamh) nó na scáthfhoghlaime agus tréimhsí breathnóireachta.

Le tréimhse soghluaisteachta ball foirne ar an gcoigríoch is féidir gníomhaíochtaí teagaisc agus oiliúna a chomhcheangal. Is féidir aon tréimhse theagaisc nó oiliúna ar an gcoigríoch a dhéanamh mar **shoghluaisteacht cumaisc**.

Dianchlár chumaisc

Is dianchlár ghearra iad sin lena n-úsáidtear bealaí nuálacha foghlama agus teagaisc, lena n-áirítear úsáid an chomhair ar líne. Féadfaidh an fhoghlaim dhúshlánbhunaithe a bheith mar chuid de na cláir, ar foghlaim í ina n-oibríonn foirne trasnáisiúnta agus trasdisciplíneacha le chéile chun dul i ngleic le dúshlán cosúil leo sin atá nasctha le spriocanna forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe nó dúshlán shochartha eile atá sainaitheanta ag réigiúin, cathracha nó cuideachtaí. Ba cheart breisluach a bheith ag baint leis an dianchlár i gcomparáid leis na cúrsaí nó leis an oiliúint atá ann cheana agus atá á dtairiscint nó á tairiscint ag na hinstiúidí ardoideachais rannpháirteacha agus is féidir gur clár ilbhliantúil é. Trí fhormáidí soghluaisteachta atá nua agus níos solúbtha a chumasú lena ndéantar an tsoghluaisteacht fhisiceach a chomhcheangal le cuid fhíorúil, is é is aidhm do dhianchlár chumaisc freastal ar gach cineál mac léinn ó gach cúlra, réimse staidéir agus timthriall.

Beidh an deis ag grúpaí instiúidí ardoideachais dianchlár chumaisc ghearra maidir leis an bhfoghlaim, leis an teagasc agus leis an oiliúint a eagrú do mhic léinn agus do bhaill foirne. Le linn na ndianchlár cumaisc sin, rachaidh grúpaí mac

léinn nó ball foirne mar fhoghlaimeoirí i mbun soghluaisteacht fhisiceach ghearrthéarmach ar an gcoigríoch comhcheangailte le comhchuid fhíorúil éigeantach lena n-éascaítear malartú foghlama comhoibriúch ar líne agus obair bhuíne. Leis an gcomhchuid fhíorúil ní mór na foghlaimeoirí a thabhairt le chéile ar líne chun oibriú go comhpháirteach agus go comhuaineach ar thascanna sonracha atá comhtháite sa dianchlár cumaisc agus a chuirtear san áireamh sna torthaí foghlama foriomlána.

Ina theannta sin, is féidir le dianchláir chumaisc a bheith oscailte do mhic léinn agus do bhaill foirne ó aon institiúid ardoideachais. Le dianchláir chumaisc fothaítear acmhainneacht chun cleachtais teagaisc agus foghlama nuálacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme sna hinstitiúidí ardoideachais rannpháirteacha.

Soghluaisteacht idirnáisiúnta a bhfuil tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár rannpháirteach inti

Is é atá mar fhócas príomhúil gníomhaíochta soghluaisteachta ardoideachais tacú le gníomhaíochtaí soghluaisteachta idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár – an ghné Eorpach.

Ina theannta sin, tacaíonn an ghníomhaíocht seo leis an ngné idirnáisiúnta trí dhá shnáithe de ghníomhaíochtaí soghluaisteachta ina bhfuil tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár ar fud an domhain iomláin rannpháirteach.

Tacaíonn snáithe amháin le **soghluaisteacht chuig gach tír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár** (réigiúin 1-14⁴⁰) agus maoinítear í trí chistí beartais inmheánaigh an Aontais⁴¹.

Tacaíonn snáithe eile le **soghluaisteacht chuig agus ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár** (cé is moite de réigiúin 13 agus 14) agus tá sé maoinithe ag ionstraimí gníomhaíochta seachtraí an Aontais (féach an roinn maidir le tíortha incháilithe i gCuid A den Treoir seo).

Féachann an dá shnáithe de shoghluaisteacht idirnáisiúnta le cuspóirí atá éagsúil, agus comhlántach ag an am céanna, a bhaint amach agus léirítear tosaíochtaí beartais na bhfoinsí maoinithe faoi seach sna cuspóirí sin, is iad an dá fhoinsé atá i gceist:

Soghluaisteacht idirnáisiúnta amach a dtacaíonn cistí beartais inmheánaigh léi: Dirítear san fhócas tosaíochta ar scileanna réamhbhreathnaitheacha agus scileanna ábhartha eile mac léinn agus ball foirne institiúidí ardoideachais atá lonnaithe sna Ballstáit de chuid AE agus i dtíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár a fhorbairt. Déantar gníomhaíochtaí soghluaisteachta idirnáisiúnta chuig aon tír nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a mhaoiniú ón deontas a dhámhtar do thionscadail soghluaisteachta. Féadfaidh tairbhíthe deontais suas le 20 % den deontas tionscadail is déanaí a bronnadh a úsáid le haghaidh soghluaisteacht amach chuig tíortha ar fud an domhain nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár (Réigiúin 1-14). Tá na deiseanna sin beartaithe chun eagraíocht i mBallstát de chuid AE nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár a spreagadh chun gníomhaíochtaí soghluaisteachta amach a fhorbairt le tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár, agus meastar go gcumhdófar an raon feidhme geografach is leithne agus is féidir leo.

Soghluaisteacht idirnáisiúnta amach agus isteach a dtacaíonn cistí beartais seachtraigh léi: Leanann an ghníomhaíocht seo tosaíochtaí beartais sheachtraigh an Aontais; agus dá bhrí sin, tá roinnt spriocanna agus rialacha maidir le comhar socraithe leis an 12 réigiún incháilithe (1-12), agus sonraítear na spriocanna agus na rialacha sin ina dhiaidh seo sa roinn ‘eolas breise le haghaidh tionscadail soghluaisteachta a dtacaíonn cistí beartais sheachtraigh leo’.

⁴⁰ Chun sainmhíniú a fháil ar na réigiúin, féach an roinn ‘tíortha incháilithe’ i gCuid A den Treoir seo.

⁴¹ Ceannteideal 2 de Bhuiséad an Aontais – Comhtháthú, solúbthacht agus luachanna.

Tá na gníomhaíochtaí soghluaisteachta idirnáisiúnta ar a dtugtar tuairisc sa ghníomhaíocht seo infheidhme maidir leis an dá shnáithe, mura luaitear a mhalairt.

CÉ NA CRITÉIR A ÚSÁIDTEAR CHUN IARRATAS A DHÉANAMH AR THIONSCADAL SOGHLUAISTEACHTA AGUS CHUN TIONSCADAL SOGHLUAISTEACHTA A CHUR CHUN FEIDHME?

Leis na critéir incháilitheachta ghinearálta tugtar aghaidh ar chritéir ghinearálta ar leibhéal an tionscadail, agus leis na critéir shonracha a liostaítear sna ranna seo a leanas tugtar aghaidh ar na ceanglais a bhaineann le gníomhaíochtaí sonracha a chur chun feidhme.

CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA GHINEARÁLTA LE HAGHAIDH TIONSCADAIL SOGHLUAISTEACHTA

Ní mór d'iarratasóir na critéir seo a leanas a chomhlíonadh le bheith incháilithe le haghaidh dheontas Erasmus+:

Gníomhaíochtaí incháilithe	Féadfaidh institiúidí ardoideachais ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas a chur chun feidhme: ▪ Soghluaisteacht mac léinn le haghaidh staidéir ▪ Soghluaisteacht mac léinn le haghaidh cúrsaí oiliúna ▪ Soghluaisteacht ball foirne le haghaidh teagaisc ▪ Soghluaisteacht ball foirne le haghaidh oiliúna ▪ Dianchláir chumaisc (ní le haghaidh tionscadail soghluaisteachta a dtacaíonn cistí beartais sheachtraigh leo) Sreafaí gníomhaíochta soghluaisteachta incháilithe: ▪ Le haghaidh tionscadail soghluaisteachta a dtacaíonn cistí beartais inmheánaigh leo: ó Bhallstáit an Aontais agus ó thíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár chuig tír ar bith ar domhan (Ballstáit an Aontais agus thíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár agus thíortha nach bhfuil san Aontas ó Réigiúin 1-14 nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár). ▪ Le haghaidh tionscadail soghluaisteachta a dtacaíonn cistí beartais seachtraigh leo: idir Ballstáit an Aontais agus thíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár, nó le thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár (gan Réigiúin 13 agus 14 san áireamh).
--	---

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Féadfaidh eagraíochtaí ag a bhfuil an creidiúnú seo a leanas iarratas a dhéanamh ar dheontais: ▪ Le haghaidh iarratas mar institiúid ardoideachais aonair: institiúidí ardoideachais atá bunaithe i mBallstát de chuid AE nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár agus ar ar dámhadh Cairt Ardoideachais Erasmus (ECHE). ▪ Le haghaidh iarratas mar chuibhreannas soghluaisteachta: eagraíochtaí comhordúcháin atá bunaithe i mBallstát de chuid AE nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár agus a chomhordaíonn cuibhreannas ar ar dámhadh creidiúnú Erasmus le haghaidh cuibhreannais soghluaisteachta ardoideachais. Is féidir le heagraíochtaí nach bhfuil creidiúnú cuibhreannais bailí acu iarratas a dhéanamh ar an gcreidiúnú sin thar ceann cuibhreannas soghluaisteachta sa ghlaó céanna atá i bhfeidhm agus iarratas á dhéanamh acu ar dheontas tionscadail soghluaisteachta nó i nglao roimhe sin. Ní mór Cairt Ardoideachais Erasmus (ECHE) a bheith ag na h-institiúidí ardoideachas rannpháirteach ó Bhallstáit de chuid AE agus ó thíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Ní bheidh na heagraíochtaí sin incháilithe le haghaidh tionscadal soghluaisteachta ach amháin má bhíonn rath ar a n-iarratas ar chreidiúnú cuibhreannais. Ní féidir le mic léinn agus baill foirne ardoideachais iarratas a dhéanamh go díreach ar dheontas; déanann an institiúid ardoideachais ina ndéanann siad staidéar nó ina bhfuil siad fostaithe na critéir roghnúcháin a bhaineann le bheith rannpháirteach sna gníomhaíochtaí soghluaisteachta agus i ndianchláir chumaisc a shainiú.
Tíortha incháilithe	Le bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí: ▪ aon Bhallstát de chuid AE nó aon tír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár ▪ aon tír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár (chun coinníollacha féideartha i dtionscadail soghluaisteachta a dtacaíonn cistí beartais sheachtraigh leo a léamh, féach an roinn ‘Eolas breise maidir le tionscadail soghluaisteachta a dtacaíonn cistí beartais sheachtraigh leo’ den ghníomhaíocht seo agus ‘Tíortha incháilithe’ i gCuid A)
An líon eagraíochtaí rannpháirteacha	Is ionann an líon eagraíochtaí san fhoirm iarratais agus aon cheann amháin (an t-iarratasóir). Is éard atá san eagraíocht institiúid ardoideachais aonair nó comhordaitheoir ar chuibhreannas soghluaisteachta atá bunaithe i mBallstát de chuid AE nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Le linn chur chun feidhme an tionscadail soghluaisteachta, ní mór ar a laghad dhá eagraíocht (eagraíocht seolta amháin ar a laghad agus ósteagraíocht amháin ar a laghad) a bheith páirteach. Le haghaidh tionscadail soghluaisteachta a dtacaíonn cistí beartais seachtraigh leo, ní mór d’eagraíocht amháin ar a laghad ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a bheith rannpháirteach. Le haghaidh dianchláir chumaisc i dtionscadail soghluaisteachta a dtacaíonn cistí beartais inmheánaigh leo: anuas ar an iarratasóir (institiúid ardoideachais is iarratasóir nó institiúid ardoideachais i gcuibhreannas soghluaisteachta is iarratasóir), ní mór do dhá institiúid ardoideachais ó dhá Bhallstát eile de chuid AE agus ó thíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár a bheith rannpháirteach in eagrú an dianchláir cumaisc le linn a chur chun feidhme.

Fad an tionscadail	Tionscadail soghluaisteachta a dtacaíonn cistí beartais inmheánaigh leo: 26 mhí Tionscadail soghluaisteachta a dtacaíonn cistí beartais sheachtraigh leo: 24 nó 36 mhí
Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh?	Faoi bhráid Gníomhaireacht Náisiúnta na tíre ina bhfuil an eagraíocht is iarratasóir bunaithe.
Cathain is féidir iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí a n-iarratas ar dheontas a chur isteach faoin 23 Feabhra ar 12:00:00 (meán lae am na Bruiséile) le haghaidh tionscadail atá maoinithe le cistí beartais sheachtraigh dar tús an 1 Meitheamh sa bhliain chéanna agus le haghaidh tionscadail atá maoinithe le hionstraimí gníomhaíochtaí seachtracha dar tús an 1 Lúnasa sa bhliain chéanna.
Iarratas a dhéanamh	Féach cuid C den Treoir seo le haghaidh sonraí faoi conas iarratas a dhéanamh.
Na critéir eile is gá	Féadfaidh institiúid ardoideachais iarratas ar dheontas a chur faoi bhráid a Gníomhaireachta Náisiúnta trí dhá chainéal éagsúla: • go díreach mar institiúid ardoideachais aonair, • trí chuibhreannas soghluaisteachta dá bhfuil sí ina comhordaitheoir/comhalta. Ní féidir le hinstitiúid ardoideachais iarratas a dhéanamh ar thionscadal soghluaisteachta ach uair amháin in aghaidh an bhabhta roghnúcháin ina cáil mar institiúid ardoideachais aonair agus/nó mar institiúid ardoideachais comhordúcháin cuibhreannais ar leith. Mar sin féin, féadfaidh institiúid ardoideachais a bheith mar chuid de roinnt cuibhreannais náisiúnta éagsúla nó a bheith ina comhordaitheoir orthu agus iarratas á chur isteach san am céanna acu. Is féidir an dá chainéal (iarratas aonair agus iarratas cuibhreannais) a úsáid san am céanna. Mar sin féin, tá an institiúid ardoideachais freagrach as cosc a chur le maoiniú dubailte a dhéanamh ar rannpháirtí nuair a úsáidtear an dá chainéal sa bhliain acadúil chéanna. Leis an tionscadal soghluaisteachta ba cheart Tionscnamh na gCártaí Mac Léinn Eorpacha a chur chun feidhme chun éascaíocht a dhéanamh don timthriall soghluaisteachta a bhainistiú ar líne mar aon le cineálacha cur chuige cuimsitheacha eile atá neamhdhíobhálach don chomhshaol i gcomhréir le Cairt Ardoideachais Erasmus (ECHE) agus le treoirlínte ECHE.

Anuas ar na critéir incháilitheachta a shonraítear thuas, déanfar measúnú ar iarratasóirí in aghaidh na gcritéar incháilitheachta ábhartha a shonraítear sa roinn seo a leanas agus in aghaidh na gcritéar **eisiamh, roghnúcháin agus dámhachtana ábhartha**. Chun breis faisnéise a fháil féach Cuid C den Treoir seo.

CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA SHONRACHA MAIDIR LE SOGHLUAISTEACHT MAC LÉINN

Eagraíochtaí rannpháirteacha incháilithe	▪ Soghluaisteacht mac léinn le haghaidh staidéir: Ní mór do gach eagraíocht rannpháirteach ó Bhallstáit an Aontais nó ó thíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár (tíortha seolta agus óstacha araon) a bheith ina hinstitiúid ardoideachais ar ar dámhadh ECHE. Ní mór d'eagraíochtaí ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár (tíortha seolta agus óstacha araon) a bheith ina n-institiúidí ardoideachais atá aitheanta ag na húdaráis inniúla agus a shínigh comhaontuithe idirinstitiúideacha lena gcomhpháirtithe ó Bhallstáit de chuid an Aontais nó ó thíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár, sula ndéantar an
---	--

	tsoghluaisteacht. ▪ Soghluaisteacht mac léinn le haghaidh cúrsaí oiliúna: Ní mór don eagraíocht seolta a bheith ina hinstitiúid ardoideachais ó Bhallstáit de chuid an Aontais nó ó thír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár ar ar dámhadh ECHE nó ina hinstitiúid ardoideachais ó thír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár atá aitheanta ag údaráis inniúla a shínigh comhaontuithe idirinstitiúideacha lena comhpháirtithe ó Bhallstáit de chuid an Aontais nó ó thíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár sula ndéantar an tsoghluaisteacht. I gcás soghluaisteacht mac léinn le haghaidh cúrsaí oiliúna is féidir go mbeidh aon cheann díobh seo a leanas i gceist leis an ósteagraíocht⁴²: ○ aon eagraíocht phoiblí nó príobháideach atá gníomhach sa mhargadh saothair nó i réimsí an oideachais, na hoiliúna, na hóige, an taighde agus na nuálaíochta. Mar shampla, is féidir leis an eagraíocht sin a bheith: – ina fiontar poiblí nó príobháideach, beag, meánmhéide nó mór (lena n-áirítear fiontair shóisialta); – ina comhlacht poiblí ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta; – ambasáidí nó oifigí consalachta an Bhallstáit seolta nó an tír seolta nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis na gClár; – ina comhpháirtí sóisialta nó ina hionadaí eile den saol oibre, lena n-áirítear comhlachais tráchtála, comhlachais cheirde/ghairmiúla agus ceardchumainn; – ina hinstitiúid taighde; – ina fondúireacht; – ina scoil/ina hinstitiúid/ina lárionad oideachais (ar aon leibhéal, ón oideachas réamh-bhunscoile go dtí an t-oideachas meánscoile uachtaraí, agus lena n-áirítear an gairmoideachas agus an t-oideachas aosach); ○ ina heagraíocht neamhbhrabúsach, ina comhlachas, ina heagraíocht neamhrialtasach; ○ ina comhlacht a sholáthraíonn gairmthreoir, comhairleoireacht ghairmiúil agus seirbhísí faisnéise; ○ ina hinstitiúid ardoideachais ó Bhallstáit de chuid an Aontais nó ó thír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár ar ar dámhadh ECHE, nó institiúid ardoideachais ó thír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár atá aitheanta ag údaráis inniúla a shínigh comhaontuithe idirinstitiúideacha lena comhpháirtithe ó Bhallstát de chuid an Aontais nó ó thír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár sula ndéantar an tsoghluaisteacht.
Fad na gníomhaíochta	Soghluaisteacht mac léinn le haghaidh staidéir: idir 2 mhí (nó téarma nó ráithe acadúil amháin) agus 12 mhí de shoghluaisteacht fhisiceach, gan am taistil san áireamh. Is féidir tréimhse oiliúna chomhlántach a bheith mar chuid de sin, má phleanáiltear sin, agus is féidir í a eagrú ar bhealaí éagsúla ag brath ar an gcomhthéacs: gníomhaíocht i ndiaidh na gníomhaíochta eile nó an dá ghníomhaíocht ag an tráth céanna. Leanann an meascán na rialacha cistiúcháin agus fad íosta na soghluaisteachta staidéir.

⁴² Níl na cineálacha eagraíochtaí seo a leanas incháilithe mar ósteagraíochtaí le haghaidh soghluaisteacht mac léinn le haghaidh cúrsaí oiliúna:

Institiúidí an Aontais agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais lena n-áirítear sainghníomhaireachtaí (tá a liosta uileghabhálach le fáil ar an suíomh gréasáin – https://europa.eu/european-union/about-eu/institutions-bodies_ga); eagraíochtaí a bhainistíonn cláir de chuid an Aontais amháin Gníomhaireachtaí Náisiúnta Erasmus+ (chun coinbhleacht leasa fhéideartha agus/nó maoiniú dubailte a sheachaint).

	Soghluaisteacht mac léinn le haghaidh cúrsaí oiliúna: idir 2 mhí agus 12 mhí de shoghluaisteacht fhisiceach, gan am taistil san áireamh. Aon mhac léinn, go háirithe iad sin nach bhfuil in ann a bheith rannpháirteach i soghluaisteacht fhisiceach fhadtéarmach le haghaidh staidéar nó le haghaidh cúrsaí oiliúna, féadfaidh siad soghluaisteacht fhisiceach níos giorra a chomhcheangal le comhchuid fhíorúil (soghluaisteacht ghearrthéarmach chumaisc). Ina theannta sin, féadfaidh aon mhac léinn a bheith rannpháirteach i ndianchláir chumaisc. Sna cásanna sin, ní mór don tsoghluaisteacht fhisiceach a bheith idir 5 lá agus 30 lá ar fad (gan an t-am taistil san áireamh) agus a bheith comhcheangailte le comhchuid fhíorúil éigeantach lena n-éascaítear malartú foghlama comhoibríoch ar líne agus obair bhuíne. Le soghluaisteacht cumaisc le haghaidh staidéar ní mór ar a laghad 3 chreidiúint ECTS a dhámhachtain. An tsoghluaisteacht le haghaidh staidéar agus/nó cúrsaí oiliúna le haghaidh iarrthóirí dochtúireachta: ó 5 lá go 30 lá nó ó 2 mhí go 12 mhí de shoghluaisteacht fhisiceach (féadfaidh tréimhse cúrsa oiliúna chomhlántach a bheith mar chuid de shoghluaisteacht staidéir, má phleanáiltear sin), gan am taistil san áireamh. An fad incháilithe iomlán in aghaidh na timthrialla staidéir: Féadfaidh an mac léinn céanna a bheith rannpháirteach i dtréimhsí soghluaisteachta a mhaireann suas le 12 mhí de⁴³ shoghluaisteacht fhisiceach ar a mhéad in aghaidh gach timthrialla staidéir⁴⁴, go neamhspleách ar líon agus cineál na ngníomhaíochtaí soghluaisteachta: ▪ le linn na chéad timthrialla staidéir (ar leibhéal baitsiléara nó a choibhéis) lena n-áirítear an timthriall ghearr (leibhéal EQF 5 agus 6); ▪ le linn an dara timthriall staidéir (leibhéal máistreachta nó a choibhéis – leibhéal EQF 7); agus ▪ le linn an tríú timthriall mar iarrthóir dochtúireachta (leibhéal dochtúireachta nó leibhéal EQF 8). Cuirtear fad cúrsa oiliúna atá déanta ag céimithe nua san áireamh sa tréimhse 12 mhí ar a mhéad den timthriall ar lena linn a dhéanann siad iarratas ar an gcúrsa oiliúna. Féadfar cur isteach ar thréimhse soghluaisteachta fisicí. Ní áirítear tréimhse an bhriste i leith fhad na ngníomhaíochta soghluaisteachta. Le haghaidh tréimhsí oiliúna, ní mheastar lá saoire fiontair/eagraíochta a bheith ina thréimhse briste. Coinnítear an deontas ar bun le linn an lae saoire sin. Cuirtear an tréimhse saoire san áireamh le haghaidh íosfhad na tréimhse oiliúna.
--	--

⁴³ Cuirtear taithí a fuarthas roimh ré faoin gClár Erasmus+ agus/nó mar shealbhóirí scoláireachta Erasmus Mundus san áireamh sa tréimhse 12 mhí in aghaidh an timthrialla staidéir.

⁴⁴ I gcás cláir staidéir aon- timthrialla, amhail an leigheas, is féidir le mic léinn a bheith soghluaiste ar feadh suas le 24 mhí.

Ionad nó ionaid na gníomhaíochta	Ní mór do mhic léinn a ngníomhaíocht soghluaisteachta fisicí a dhéanamh i mBallstát de chuid an Aontais nó i dtíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár, nó i dtír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, atá éagsúil le tír na heagraíochta seolta agus an tír ina bhfuil an mac léinn ar lóistín le linn a staidéir ⁴⁵ .
Rannpháirtithe incháilithe	Mic léinn atá cláraithe in institiúid ardoideachais agus atá rollaithe i réimse staidéir as a dtagann céim aitheanta nó cáilíocht aitheanta tríú leibhéal eile (suas leis an leibhéal dochtúireachta, agus an leibhéal sin san áireamh). I gcás soghluaisteacht dochtúireachta, ní mór don rannpháirtí a bheith ar leibhéal EQF 8. Féadfaidh céimithe ardoideachais nua a bheith rannpháirteach i soghluaisteacht le haghaidh cúrsaí oiliúna. Féadfaidh an eagraíocht is tairbhí a roghnú gan bheith páirteach i gcúrsaí oiliúna do chéimithe nua. Ní mór do chéimithe nua a bheith roghnaithe ag a n-institiúid ardoideachais le linn a mbliana staidéir deiridh, agus ní mór dóibh a gcúrsa oiliúna a dhéanamh agus a chríochnú ar an gcoigríoch laistigh de bhliain amháin i ndiaidh bhronnadh a gcéime⁴⁶.
Critéir eile	Is féidir le soghluaisteacht mac léinn a bheith in aon réimse staidéir. Is féidir gur tréimhse staidéir atá comhcheangailte le cúrsa oiliúna gearr (is giorra ná 2 mhí) atá sa tsoghluaisteacht mac léinn cé go meastar gur tréimhse staidéir í ar an bhforiomlán. Ní mór don mhac léinn, don eagraíocht seolta agus don ósteagraíocht comhaontú foghlama a shíniú. Ní mór don tréimhse staidéir ar an gcoigríoch a bheith mar chuid de chlár staidéir an mhic léinn chun céim a bhaint amach. Aon uair is féidir, ba cheart na cúrsaí oiliúna a bheith ina gcuid chomhtháite de chlár staidéir an mhic léinn. Ní féidir a mheas gur cúrsa oiliúna atá ann má leantar cúrsaí in institiúid ardoideachais. I gcás na soghluaisteachta mac léinn cumaisc, mar chuid de na gníomhaíochtaí is féidir go n-áireofar rannpháirtíocht i gcúrsaí a thairgtear i bhformáid na foghlama cumaisc ag aon institiúid ardoideachais comhpháirtíochta, an oiliúint ar líne agus tascanna oibre nó rannpháirtíocht i ndianchláir chumaisc. Maidir le soghluaisteacht idirnáisiúnta, féach an roinn ‘Tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár’.

⁴⁵ I gcás campais bhraíne atá ag brath ar an máthairinstitiúid agus atá cumhdaithe leis an ECHE céanna, meastar gurb í an tír ina bhfuil an mháthairinstitiúid lonnaithe an tír seolta. Dá bhrí sin, ní féidir soghluaisteachtaí a eagrú idir campais bhraíne agus an mháthairinstitiúid a chumhdaítear leis an ECHE céanna.

⁴⁶ I gcás na dtíortha sin inar gá do na céimithe clárú le haghaidh seirbhís mhíleata nó shibhialta éigeantach i ndiaidh bhronnadh na céime, déanfar an tréimhse incháilitheachta le haghaidh céimithe nua a fhadú de réir fhad na seirbhíse sin.

CRITÉIR INCHÁILTHEACHTA SHONRACHA MAIDIR LE SOGHLUAISTEACHT NA MBALL FOIRNE

Eagraíochtaí rannpháirteacha incháilithe	▪ Soghluaisteacht ball foirne le haghaidh teagaisc: Ní mór don eagraíocht seolta a bheith: ○ ina Ballstát de chuid an Aontais nó ina tír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár ar ar dámhadh ECHE, nó ○ ina hinstitiúid ardoideachais ó thír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár atá aitheanta ag údaráis inniúla a shínigh comhaontuithe idirinstitiúideacha lena comhpháirtithe ó Bhallstát de chuid an Aontais nó ó thír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár, nó ○ i gcás ina n-iarrtar ar bhaill foirne tabhairt faoin teagasc in institiúid ardoideachais: aon eagraíocht phoiblí nó príobháideach (nár dámhadh ECHE uirthi) i mBallstát de chuid an Aontais, nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár, nó i dtír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, atá gníomhach sa mhargadh saothair nó i réimse an oideachais, na hoiliúna, na hóige, an taighde agus na nuálaíochta. Mar shampla, is féidir leis an eagraíocht sin a bheith: – ina fiontar poiblí nó príobháideach, beag, meánmhéide nó mór (lena n-áirítear fiontair shóisialta); – ina comhlacht poiblí ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta; – ina comhpháirtí sóisialta nó ina hionadaí eile den saol oibre, lena n-áirítear comhlachais tráchtála, comhlachais cheirde/ghairmiúla agus ceardchumann; – ina hinstitiúid taighde; – ina fondúireacht; – ina scoil/ina hinstitiúid/ina lárionad oideachais (ar aon leibhéal, ón oideachas réamh-bhunscoile go dtí an t-oideachas meánscoile uachtaraí, agus lena n-áirítear an gairmoideachas agus an t-oideachas aosach); – ina heagraíocht neamhbhrabúsach, ina comhlachas, ina heagraíocht neamhrialtasach; – ina comhlacht a sholáthraíonn gairmthreoir, comhairleoireacht ghairmiúil agus seirbhísí faisnéise. Ní mór don ósteagraíocht a bheith ina hinstitiúid ardoideachais ó Bhallstáit de chuid an Aontais nó ó thír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár ar ar dámhadh ECHE, nó ina hinstitiúid ardoideachais ó thír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár atá aitheanta ag údaráis inniúla a shínigh comhaontú idirinstitiúideacha lena comhpháirtí ó Bhallstát de chuid an Aontais nó ó thír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár sula ndéantar an tsoghluaisteacht. ▪ Soghluaisteacht ball foirne le haghaidh oiliúna: Ní mór don eagraíocht seolta a bheith ina hinstitiúid ardoideachais ó Bhallstáit de chuid an Aontais nó ó thír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár ar ar dámhadh ECHE, nó ina hinstitiúid ardoideachais ó thír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár atá aitheanta ag údaráis inniúla a shínigh comhaontuithe idirinstitiúideacha lena comhpháirtithe ó Bhallstát de chuid an Aontais nó ó thír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár sula ndéantar an tsoghluaisteacht. Ní mór don ósteagraíocht a bheith: ○ Ina hinstitiúid ardoideachais ó Bhallstáit de chuid an Aontais nó ó thír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár ar ar dámhadh ECHE nó institiúid ardoideachais ó
--	--

	thír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár atá aitheanta ag údaráis inniúla a shínigh comhaontuithe idirinstiúideacha lena comhpháirtithe ó Bhallstát de chuid an Aontais nó ó thír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár sula ndéantar an tsoghluaisteacht, nó ○ aon eagraíocht phoiblí nó phríobháideach ó Bhallstáit an Aontais agus ó thíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár (nó ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, i gcás ina bhfuil an tionscadal soghluaisteachta maoinithe le cistí beartais inmheánaigh) atá gníomhach sa mhargadh saothair nó i réimse an oideachais, na hoiliúna, na hóige, an taighde agus na nuálaíochta.
Fad na gníomhaíochta soghluaisteachta	Soghluaisteacht ball foirne le haghaidh teagaisc agus oiliúna: Ní mór d'fhad soghluaisteachta idir Ballstáit an Aontais agus tíortha atá comhlachaithe leis an gClár a bheith idir 2 lá agus 60 lá de shoghluaisteacht fhisiceach, gan am taistil san áireamh. Maidir le baill foirne dá dtugtar cuireadh ó fhiontair, is ionann an fad íosta agus 1 lá de shoghluaisteacht fhisiceach. I gcás soghluaisteachta ina bhfuil tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár rannpháirteach, ní mór don fhad a bheith idir 5 lá agus 60 lá, gan am taistil san áireamh. Tá an fad céanna i bhfeidhm maidir le baill foirne ó fhiontair dá dtugtar cuireadh. I ngach cás, ní mór don líon íosta laethanta a bheith as a chéile. Féadfar cur isteach ar thréimhse soghluaisteachta fisicí. Ní áirítear tréimhse an bhriste i leith fhad na gníomhaíochta soghluaisteachta. Caithfidh 8 n-uair an chloig teagaisc ar a laghad in aghaidh na seachtaine (nó aon tréimhse fanachta atá níos gairide ná seachtain amháin) a bheith i gceist le gníomhaíocht teagaisc. Má mhaireann an tsoghluaisteacht tréimhse is faide ná seachtain amháin, ba cheart an t-íoslíon uaireanta teagaisc le haghaidh seachtain neamhiomlán a bheith i gcomhréir le fad na seachtaine sin. Tá feidhm leis na heisceachtaí seo a leanas: • Ní hann d'aon íoslíon uaireanta teagaisc le haghaidh baill foirne dá dtugtar cuireadh ó fhiontair. • Má dhéantar an ghníomhaíocht teagaisc a chomhcheangal le gníomhaíocht oiliúna le linn tréimhse amháin ar an gcoigríoch, laghdaítear an t-íoslíon uaireanta teagaisc in aghaidh na seachtaine (nó aon tréimhse fanachta atá níos gairide ná 1 seachtain) chuig 4 uair an chloig.
Ionad nó ionaid na gníomhaíochta	Ní mór do na baill foirne a ngníomhaíocht soghluaisteachta fisicí a dhéanamh in aon Bhallstát de chuid an Aontais nó i dtíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár, nó i dtír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, atá éagsúil le tír na heagraíochta seolta agus an tír ina bhfuil an ball foirne ina chónaí.

Rannpháirtithe incháilithe	Soghluaisteacht ball foirne le haghaidh teagaisc: • Baill foirne a oibríonn in institiúid ardoideachais i mBallstát den Aontas Eorpach nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. • Baill foirne ó aon fhiontar ó aon tír, a oibríonn in eagraíocht phoiblí nó phríobháideach (nach institiúid ardoideachais a bhfuil ECHE aici atá inti) atá gníomhach sa mhargadh saothair nó i réimse an oideachais, na hoiliúna agus na hóige, an taighde agus na nuálaíochta agus a dtugtar cuireadh dóibh múineadh ag institiúid ardoideachais in aon tír (agus iarrthóirí dochtúireachta fostaithe san áireamh). Soghluaisteacht ball foirne le haghaidh oiliúna: Baill foirne a oibríonn in institiúid ardoideachais i mBallstát den Aontas Eorpach nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár.
Critéir eile	Is féidir gur tréimhse theagaisc atá comhcheangailte le tréimhse oiliúna atá i soghluaisteacht ball foirne cé go meastar gur tréimhse theagaisc í ar an bhforiomlán. Is féidir soghluaisteacht teagaisc nó oiliúna a chur i gcrích i mbreis agus ósteagraíocht amháin sa tír chéanna, cé go meastar gur tréimhse theagaisc nó oiliúna amháin í agus an t-íosfhad fanachta infheidhme. Is féidir le soghluaisteacht foirne a bheith in aon réimse staidéir. Féadfar soláthar oiliúna le haghaidh fhorbairt na hinstitiúide ardoideachais comhpháirtíochta a bheith san áireamh sa tsoghluaisteacht teagaisc. Ní mór don bhall foirne, don eagraíocht seolta agus don ósteagraíocht comhaontú soghluaisteachta a shíniú. Maidir le soghluaisteacht idirnáisiúnta, féach an chuid ‘Tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár’.

CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA SHONRACHA MAIDIR LE DIANCHLÁIR CHUMAISIC

Eagraíochtaí rannpháirteacha incháilithe	Ní mór do thrí institiúid ardoideachais ar a laghad dianchlár cumaisc a fhorbairt agus a chur chun feidhme, ar institiúidí ardoideachais iad a thagann ó ar a laghad trí Bhallstát de chuid an Aontais agus tír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Anuas air sin, féadfaidh aon institiúid ardoideachais atá lonnaithe i mBallstát de chuid an Aontais, i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár, nó i dtír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a bheith rannpháirteach chun rannpháirtithe a sheoladh. Ní mór do na hinstitiúidí ardoideachais seolta a sheolann mic léinn agus baill foirne chun bheith rannpháirteach mar fhoghlaimeoirí i ndianchúrsaí cumaisc, ní mór dóibh a bheith ina n-institiúid ardoideachais ó Bhallstáit de chuid an Aontais nó ó thír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár ar ar dámhadh ECHE, nó ina n-institiúid ardoideachais ó thír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár atá aitheanta ag údaráis inniúla a shínigh comhaontuithe idirinstitiúideacha lena comhpháirtithe ó Bhallstát de chuid an Aontais nó ó thír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár sula ndéantar an tsoghluaisteacht. Maidir leis an bhfoireann teagaisc agus oiliúna ag a bhfuil baint leis an gclár a thabhairt, féadfaidh aon eagraíocht ó Bhallstát de chuid an Aontais nó ó thír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár nó ó thír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a bheith i gceist (féach rannpháirtithe incháilithe). Féadfar rannpháirtithe a sheoladh le maoiniú Erasmus+ nó féadfaidh siad a bheith rannpháirteach ar a gcostais féin. Maidir le hinstitiúidí ardoideachais nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, féadfaidh siad rannpháirtithe a sheoladh le Erasmus+ má tá tionscadal soghluaisteachta ag an institiúid is faighteoir i gcomhthráth agus an tionscadal soghluaisteachta sin maoinithe le cistí beartais sheachtraigh a mhaoiníonn mic léinn agus baill foirne atá ag teacht isteach ó na tíortha sin. Ní áirítear na rannpháirtithe sin ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár i dtreo na gceanglas íosta. Ní mór ECHE a dhámhachtain ar an institiúid ardoideachais is faighteoir. Féadfaidh an institiúid ardoideachais a bheith mar an gcéanna nó éagsúil leis an institiúid ardoideachais is comhordaitheoir. Féadfaidh eagraíochtaí eile rannpháirtithe a chomhostáil sa tír óstach le linn cuid den ghníomhaíocht fhisiciúil. Ní mór do ECHE a bheith dáfa ar an institiúid ardoideachais chomhordúcháin. Is í an institiúid ardoideachais chomhordúcháin/óstach an institiúid ardoideachais is iarratasóir nó institiúid ardoideachais is comhalta den chuibhreannas soghluaisteachta is iarratasóir le haghaidh tionscadal soghluaisteachta atá maoinithe le cistí beartais inmheánaigh.
Fad na gníomhaíochta	Ní mór d'fhad na gné fisicí de dhianchlár cumaisc a bheith idir 5 agus 30 lá. Níl aon chritéar incháilitheachta leagtha síos le haghaidh fhad na comhchoda fíorúla ach ní mór 3 chreidiúint ECTS ar a laghad a dhámhachtain ar mhic léinn leis na comhchodanna fíorúla agus fisiceacha chomhcheangailte.

Ionad nó ionaid na gníomhaíochta	Is féidir an ghníomhaíocht fhisiceach a reáchtáil ag an institiúid ardoideachais óstach nó ag aon ionad eile i dtír na hinstitiúide ardoideachais óstaí.
Rannpháirtithe incháilithe	Mic léinn: Mic léinn atá cláraithe in institiúid ardoideachais i mBallstát de chuid an Aontais nó i dtír nach bhfuil san Aontas agus atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, agus atá rollaithe i réimse staidéir as a dtagann céim aitheanta nó cáilíocht aitheanta tríú leibhéal eile (suas leis an leibhéal dochtúireachta, agus an leibhéal sin san áireamh). Foireann: Baill foirne a oibríonn in institiúid ardoideachais i mBallstát den Aontas Eorpach nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. An fhoireann teagaisc agus oiliúna ag a bhfuil baint le soláthar an chláir: • Baill foirne a oibríonn in institiúid ardoideachais i mBallstát den Aontas Eorpach, i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. ▪ Baill foirne a n-iarrtar orthu tabhairt faoin teagasc in institiúid ardoideachais: a thagann ó aon fhiontar/eagraíocht phoiblí nó phríobháideach (cé is moite d'institiúidí ardoideachais ar ar dámhadh ECHE); ba cheart don eagraíocht phoiblí nó phríobháideach teacht ó Bhallstát de chuid an Aontais, ó thír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár, nó ó thír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, atá gníomhach sa mhargadh saothair nó i réimse an oideachais, na hoiliúna, na hóige, an taighde agus na nuálaíochta; tá iarrthóirí dochtúireachta fostaithe incháilithe faoin ngníomhaíocht seo freisin.
Critéir eile	Ní mór dianchláir chumaisc do mhic léinn agus do bhaill foirne a bheith comhdhéanta de shoghluaisteacht fhisiceach ghearrthéarmach ar an gcoigríoch agus í comhcheangailte le comhchuid fhíorúil éigeantach lena n-éascaítear malartú foghlama chomhoibríoch ar líne agus obair bhuíne. Leis an gcomhchuid fhíorúil ní mór na foghlaimeoirí a thabhairt le chéile ar líne chun oibriú go comhpháirteach agus go comhuaineach ar thascanna sonracha atá comhtháite sa dianchlár cumaisc agus a chuirtear san áireamh sna torthaí foghlama foriomlána. Le dianchláir chumaisc ní mór 3 chreidiúint ECTS ar a laghad a dhámhachtain ar mhic léinn. Chun bheith incháilithe le haghaidh tacaíocht eagraíochtúil, is é an t-íoslíon rannpháirtithe nach mór a bheith i ndianchlár cumaisc 15 fhoghlaimeoirí soghluaisteachta Erasmus+ a dtacaíonn cistí beartais inmheánaigh leo (gan baill foirne teagaisc/oiliúna ag a bhfuil baint le soláthar an chláir san áireamh). Ní mór do na 15 rannpháirtí sin a bheith ag tabhairt faoina soghluaisteacht go sonracha chun freastal ar an dianchlár cumaisc trí cheachtar de na gníomhaíochtaí soghluaisteachta Erasmus+ seo a leanas: soghluaisteacht ghearrthearma chumaisc mac léinn le haghaidh staidéar nó soghluaisteacht chumaisc foirne le haghaidh oiliúna. Is í an institiúid ardoideachais seolta (agus an institiúid ardoideachais óstach i gcás ina dtugtar cuireadh do bhaill foirne ó fhiontair agus rannpháirtithe ó thiortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár atá maoinithe le hionstraimí gníomhaíochta seachtraí) a sholáthraíonn an tacaíocht aonair agus, nuair is infheidhme, tacaíocht taistil do rannpháirtithe le haghaidh na gníomhaíochta fisicí.

EOLAS BREISE MAIDIR LE TIONSCADAIL SOGHLUAISTEACHTA A DTACAÍONN CISTÍ BEARTAIS SHEACHTRAIGH LEO

Na cistí le haghaidh tionscadail soghluaisteachta a dtacaíonn cistí beartais sheachtraigh leo, tá siad comhroinnte idir réigiúin dhifriúla an domhain in 12 chlúdach bhuiséadacha agus tá méid gach clúdaigh éagsúil de réir thosaíochtaí beartais sheachtraigh an Aontais. Foilseofar tuilleadh eolais ar na méideanna atá ar fáil faoi gach clúdach buiséadach ar shuíomhanna gréasáin na nGníomhaireachtaí Náisiúnta.

Bhunaigh an tAontas roinnt spriocanna táscacha maidir le cothromaíocht gheografach agus tosaíochtaí geografacha nach mór a bhaint amach ar an leibhéal Eorpach thar fhad iomlán an chlár (2021-2027), agus comhar le tíortha is lú forbairt san áireamh. Níl ar institiúidí ardoideachais na spriocanna agus tosaíochtaí táscacha sin a bhaint amach, ach cuirfidh Gníomhaireachtaí Náisiúnta iad san áireamh chun an buiséad atá ar fáil a leithdháileadh. Is iad seo na spriocanna a shocraítear le haghaidh tionscadail soghluaisteachta a dtacaíonn cistí beartais sheachtraigh leo san iomlán ar leibhéal Bhallstáit an Aontais agus na dtíortha atá comhlachaithe leis an gClár faoi ghla 2027:

- An Áise:
 - Ba cheart íosmhéid de 25 % den bhuiséad a chaitheamh ar shoghluaisteacht leis na tíortha is lú forbairt sa réigiún;
 - Níor cheart níos mó ná 25 % den bhuiséad a chaitheamh ar shoghluaisteacht leis na Tíortha Ardioncaim sa réigiún;
 - Níor cheart níos mó ná 15 % den bhuiséad a chaitheamh ar shoghluaisteacht leis an tSín;
 - Níor cheart níos mó ná 10 % den bhuiséad a chaitheamh ar shoghluaisteacht leis an India.
- An tAigéan Ciúin:
 - Níor cheart níos mó ná 86.5 % den bhuiséad a chaitheamh ar shoghluaisteacht leis an Astráil agus an Nua-Séalainn in éineacht lena chéile.
- An Afraic Fho-Shahárach:
 - Ba cheart íosmhéid de 35 % den bhuiséad a chaitheamh ar shoghluaisteacht leis na tíortha is lú forbairt sa réigiún, agus béim speisialta ar thíortha a mbaineann tosaíocht imirce leo;
 - níor cheart níos mó ná 8 % den bhuiséad a chaitheamh ar shoghluaisteacht le haon tír amháin.
- Meiriceá Laidineach:
 - Níor cheart níos mó ná 30 % den bhuiséad a chaitheamh ar shoghluaisteacht leis an mBrasaíl agus Meicsiceo in éineacht lena chéile.
- Comhpháirtíocht an Oirthir:
 - Ba cheart 40 % ar a laghad den bhuiséad a leithdháileadh ar mhic léinn ar lú na deiseanna atá acu.
- Comharsanacht an Deiscirt:
 - Níor cheart níos mó ná 15 % den bhuiséad a chaitheamh ar shoghluaisteacht le haon tír amháin;
 - Ba cheart 65 % ar a laghad de na cistí a leithdháileadh ar mhic léinn, agus ba cheart 50 % díobh a bheith ina mic léinn ar lú na deiseanna atá acu.
- Na Balcáin Thiar: ba cheart béim a chur ar shoghluaisteacht mac léinn.

Mar gheall ar an gceanglas chun rannchuidiú le cuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, tá soghluaisteacht le haghaidh mac léinn i dtimthriall ghearr, nó an chéad agus an dara timthriall a dhéantar le tíortha atá incháilithe le haghaidh cúnamh oifigiúil um fhorbairt (ODA)⁴⁷ i réigiúin 2-11 teoranta do shoghluaisteacht isteach ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. Níl soghluaisteacht amach i dtreo na réigiún sin ar fáil ach le haghaidh mic léinn ar leibhéal dochtúireachta agus le haghaidh baill foirne.

⁴⁷ Is féidir an liosta de thíortha a bhfuil feidhm ag an gceanglas sin ina leith a aimsiú i Liosta DAC de Thíortha a fhaigheann Cúnamh Oifigiúil um Fhorbairt DAC-List-of-ODA-Recipients-for-reporting-2022-23-flows.pdf (oecd.org). Déantar Liosta DAC a nuashonrú go tréimhsiúil, ionas gur féidir le tíortha bogadh ó chatagóir amháin chuig catagóir eile, nó imeacht ón liosta. Mar sin féin, fanann stádas ODA tíre agus na srianta a ghabhann leis gan athrú feadh shaolré iomlán na dtionscadal faoin nglao céanna.

Má dámhadh tionscadal soghluaisteachta a dtacaíonn cistí beartais sheachtraigh leis ar iarratasóir, féadfaidh na sreafaí soghluaisteachta idirnáisiúnta amach neamhcháilithe thuasluaite a bheith maoinithe ar bhealach comhlántach leis an tionscadal soghluaisteachta seo a dtacaíonn cistí beartais inmheánaigh leis.

Ar deireadh, féadfaidh institiúidí ardoideachais iarratas a dhéanamh ar 100 % soghluaisteacht foirne nó ar 100 % soghluaisteacht mac léinn nó ar aon mheascán den dá chineál, ar choinníoll go gcomhlíonann sé sin aon chritéar incháilitheachta le haghaidh tionscadal a bhunaigh an Gníomhaireacht Náisiúnta (féach an chéad chuid eile).

CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA BREISE LE HAGHAIDH TIONSCADAIL SOGHLUAISTEACHTA A DTACAÍONN CISTÍ BEARTAIS SHEACHTRAIGH A SHOCRAÍONN GNÍOMHAIREACHTAÍ NÁISIÚNTA LEO

I gcás ina bhfuil clúdach buiséid le haghaidh réigiún áirithe comhpháirtíochta teoranta, féadfaidh Gníomhaireacht Náisiúnta critéar incháilitheachta amháin nó níos mó ón liosta thíos a chur leis:

- An leibhéal céime le haghaidh rannpháirtithe a theorannú (iarratais a theorannú do thimthriall amháin nó do dhá thimthriall – leibhéal an bhaitsiléara, na máistreachta nó na dochtúireachta, mar shampla);
- An cineál rannpháirtithe a theorannú do bhaill foirne nó do mhic léinn amháin;
- Fad na dtréimhsí soghluaisteachta a theorannú (soghluaisteacht mac léinn a theorannú do 6 mhí, nó soghluaisteacht foirne a theorannú do 10 lá, mar shampla).

I gcás ina gcinneann an Gníomhaireacht Náisiúnta na critéir incháilithe bhreise sin a úsáid le haghaidh na dtionscadal, déanfar an cinneadh sin a chur in iúl roimh an sprioc- am chun iarratais a chur isteach, go háirithe ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Náisiúnta.

Critéir dhámhachtana

CRITÉIR DHÁMHACHTANA LE HAGHAIDH TIONSCADAIL SOGHLUAISTEACHTA A DTACAÍONN CISTÍ BEARTAIS INMHEÁNAIGH LEO

Ní dhéantar aon mheasúnú cáilíochtúil (déantar measúnú ar an gcáilíocht i gcéim iarratais ECHE nó le linn creidiúnú cuibhreannais soghluaisteachta a roghnú) agus dá bhrí sin ní hann d’aon chritéar dámhachtana.

Tabharfar maoiniú d’aon iarratas incháilithe ar dheontas (i ndiaidh dul tríd an tseiceáil incháilitheachta).

Beidh an t-úasmhéid deontais a dhámhtar ag brath ar roinnt gnéithe:

- an líon soghluaisteachtaí ar a gcuirtear isteach;
- feidhmíocht an iarratasóra roimhe sin ó thaobh líon na soghluaisteachtaí, dea-gháilíocht i gcur chun feidhme gníomhaíochtaí agus bainistíocht fhónta airgeadais de, i gcás ina bhfuil deontas faighte ag an iarratasóir i mblianta roimhe sin;
- an líon dianchlár cumasc ar a gcuirtear isteach;
- an buiséad náisiúnta iomlán a leithdháiltear le haghaidh na gníomhaíochta soghluaisteachta le haghaidh tionscadail soghluaisteachta a dtacaíonn cistí beartais inmheánaigh leo.

CRITÉIR DHÁMHACHTANA LE HAGHAIDH TIONSCADAIL SOGHLUAISTEACHTA A DTACAÍONN CISTÍ BEARTAIS SHEACHTRAIGH LEO

Déanfar measúnú ar iarratais incháilithe ar dheontas (i ndiaidh dul tríd an tseiceáil incháilitheachta) ar bhonn na gcritéar incháilitheachta seo a leanas:

Critéar dámhachtana ar leibhéal an tionscadal: Cáilíocht dhearadh agus shocrúithe comhair an tionscadail (40 pointe ar a mhéad)	• A mhéid a dhéanann an eagraíocht is iarratasóir cur síos soiléir ar na freagrachtaí, na ról agus na cúraimí idir comhpháirtithe. • Iomláine agus cáilíocht socruithe chun an rogha rannpháirtithe a roghnú, an tacaíocht a chuirtear ar fáil dóibh agus aitheantas ar a dtréimhse soghluaisteachta (go háirithe sa tír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár).
---	---

Critéir dámhachtana ar leibhéal an réigiúin: Ábharthacht na straitéise (40 pointe ar a mhéad)	Le haghaidh gach comhpháirtíochta réigiúnaí: - A mhéid atá an tionscadal soghluaisteachta beartaithe ábhartha do straitéis idirnáisiúnaithe na n-institiúidí ardoideachais lena mbaineann. - An réasúnacht a bhaineann le soghluaisteacht foirne agus/nó mac léinn a roghnú An réasúnacht a bhaineann le díriú ar chomhar le hinstiúidí/heagraíochtaí ardoideachais i dtíortha sonracha sa réigiún comhpháirtíochta.
Critéir dámhachtana ar leibhéal an réigiúin: Tionchar agus scaipeadh (20 pointe ar a mhéad)	Le haghaidh gach comhpháirtíochta réigiúnaí: - Tionchar féideartha an tionscadail ar rannpháirtithe, iarratasóirí, eagraíochtaí comhpháirtíochta, ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta - Cáilíocht na mbeart a dhíríonn ar thorthaí an tionscadail soghluaisteachta a scaipeadh ar leibhéal na dáimhe agus na hinstiúide, agus níos faide i gcéin i gcás inarb infheidhme, i ngach tír rannpháirteach.

Míneoidh an t-iarratasóir conas a chomhlíonann an tionscadal na trí chritéar sin ó dhearcadh a hinstiúide féin (nó institiúidí i gcás ina gcuireann cuibhreannas iarratais isteach) agus ó dhearcadh na hinstiúide comhpháirtíochta sna tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár freisin. Ní mór an cheist a chomhfhreagraíonn don chritéar dámhachtana **Cáilíocht dhearadh agus shocruithe comhair an tionscadail** a fhreagairt aon uair amháin don togra tionscadail iomlán, ní mór na ceistanna a chomhfhreagraíonn do na critéir dhámhachtana **Ábharthacht na straitéise** agus **Tionchar agus scaipeadh** a fhreagairt uair amháin in aghaidh gach réigiúin a bheartaíonn an t-iarratasóir a bheidh rannpháirteach sa tionscadal.

Ba cheart do na hiarratasóirí a dtogra a bhailiú i 'gcomhpháirtíochtaí réigiúnacha', is é sin, na gníomhaíochtaí uile ina bhfuil tíortha ón réigiún céanna páirteach a athghrúpáil. Déanfar gach comhpháirtíocht réigiúnach a scóráil ar leithligh. Ní chuirfear ach comhpháirtíochtaí réigiúnacha a fhaigheann 60 pointe ar a laghad, agus a chomhlíonann tairseach 50 % in aghaidh gach critéir a chuirtear i láthair sa tábla, san áireamh le haghaidh maoiniú.

Is é a bheidh sa deontas iomlán a dhámhfar don tionscadal suim de na deontais a dhámhadh do na comhpháirtíochtaí réigiúnacha ar éirigh leo an tairseach cáilíochta íosta a bhaint amach, ag brath ar roinnt gnéithe:

- an líon rannpháirtithe agus an fad gníomhaíochta a bhfuiltear ag déanamh iarratais ar a shon;
- an buiséad a leithdháiltear in aghaidh tíre nó réigiúin;
- an chothromaíocht gheografach laistigh de réigiún ar leith.

Gan beann ar scór comhpháirtíochta réigiúnaí a bheith os cionn na tairisí sonraithe, féadfaidh an Gníomhaireacht Náisiúnta tosaíocht a thabhairt do shoghluaisteacht le tíortha áirithe chun cothromaíocht gheografach a chinntiú laistigh den réigiún sin, mar a shainítear leis na spriocanna geografacha a luaitear thuas.

Níl aon dualgas ar an nGníomhaireacht Náisiúnta gach soghluaisteacht a iarrtar le haghaidh tír áirithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a mhaoiniú, má mheastar go bhfuil an t-iarratas iomarcach maidir leis an mbuiséad atá ar fáil.

A) Rialacha maidir le maoiniú ag a bhfuil feidhm maidir le gach gníomhaíocht soghluaisteachta san ardoideachas

Catagóir bhuiséid	Costais incháilithe agus rialacha is infheidhme	Méid
Tacaíocht Eagraíochtúil	Costais atá nasctha go díreach le cur chun feidhme gníomhaíochtaí soghluaisteachta (cé is moite de chostais chothaithe agus taistil le haghaidh rannpháirtithe). Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an líon rannpháirtithe soghluaisteachta.	Le haghaidh tionscadail soghluaisteachta a dtacaíonn cistí beartais inmheánaigh leo: Suas leis an 100ú rannpháirtí: EUR 400 in aghaidh an rannpháirtí, agus lastall den 100ú rannpháirtí: EUR 230 in aghaidh an rannpháirtí breise Le haghaidh tionscadail soghluaisteachta a dtacaíonn cistí beartais seachtraigh leo: EUR 500 in aghaidh an rannpháirtí
Tacaíocht chuimsiúcháin	Tacaíocht chuimsiúcháin d'eagraíochtaí: Costais a bhaineann le gníomhaíochtaí soghluaisteachta a eagrú le haghaidh rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu agus a bhfuil tacaíocht bhreise bunaithe ar fhíorchostais uathu. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an líon rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu agus a fhaigheann tacaíocht bhreise bunaithe ar fhíorchostais tríd an gcatagóir tacaíochta cuimsiúcháin.	EUR 100 in aghaidh an rannpháirtí
	Tacaíocht chuimsiúcháin le haghaidh rannpháirtithe: Costais bhreise a bhaineann go díreach le rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu, nach féidir a chumhdach tríd an méid breisiúcháin le haghaidh tacaíocht aonair le haghaidh rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu. Go sonrach is é is aidhm do na costais sin an tacaíocht airgeadais bhreise a chumhdach, rud a éilítear le haghaidh rannpháirtithe a bhfuil riocht fisiceach, meabhrach nó sláinte orthu ionas gur féidir leo a bheith rannpháirteach sa tsoghluaisteacht agus i gcuartheanna ullmhúcháin agus daoine tionlacain (lena n-áirítear costais taistil agus chothaithe, má tá údar leo agus fad nach gcumhdaítear sin trí na	100 % de chostais incháilithe

	catagóirí buiséid ar a dtugtar ‘tacaíocht taistil’ agus ‘tacaíocht aonair’ le haghaidh na rannpháirtithe sin)⁴⁸. Sásra maoiniúcháin: fíorchostais. Riail maidir le leithdháileadh: ní mór don iarratasóir údar a thabhairt leis an iarraidh agus ní mór don Ghníomhaireacht Náisiúnta í a fhormheas.	
Costais eisceachtúla	Costais chun ráthaíocht airgeadais a thabhairt, má iarrann an Ghníomhaireacht Náisiúnta sin. I gcás tionscadail soghluaisteachta atá maoinithe le cistí beartais sheachtraigh: Costais taistil chostasaigh rannpháirtithe atá incháilithe le haghaidh tacaíocht taistil. Sásra maoiniúcháin: fíorchostais. Riail maidir le leithdháileadh: ní mór don iarratasóir údar a thabhairt leis an iarraidh agus ní mór don Ghníomhaireacht Náisiúnta í a fhormheas	Costais maidir le ráthaíocht airgeadais: 80 % de chostais incháilithe Costais taistil chostasaigh: 80 % de chostais taistil incháilithe

Deontas tacaíochta eagraíochtúla don tairbhí (institiúidí ardoideachais nó cuibhreannais):

Is éard atá i gceist leis an tacaíocht eagraíochtúil atá nasctha leis an tsoghluaisteacht ranníocaíocht le haon chostas a thabhaíonn na hinstiúidí i ndáil le gníomhaíochtaí lena dtacaítear le soghluaisteacht mac léinn agus ball foirne, is soghluaisteacht isteach agus amach araon í, chun Cairt Ardoideachais Erasmus a chomhlíonadh i mBallstát de chuid an Aontais agus i dtíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár, agus chun prionsabal ECHE a léirítear sna comhaontuithe idirinstiúideacha a chomhlíonadh, ar comhaontuithe iad a comhaontaíodh i gcás institiúidí ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. Mar shampla:

- comhaontuithe eagraíochtúla le hinstiúidí comhpháirtíochta, lena n-áirítear cuairteanna chuig comhpháirtithe féideartha, chun teacht ar chomhaontú maidir le téarmaí na gcomhaontuithe idirinstiúideacha chun rannpháirtithe soghluaiste a roghnú, a ullmhú, a óstáil agus a lánpháirtiú; agus chun na comhaontuithe idirinstiúideacha sin a choimeád cothrom le dáta;
- catalóga cúrsa, agus iad tugtha chun dáta, a sholáthar do mhic léinn idirinstiúideacha;
- faisnéis agus cúnamh a sholáthar do mhic léinn agus do bhaill foirne;
- mic léinn agus baill foirne a roghnú;
- na comhaontuithe foghlama a ullmhú chun aitheantas iomlán ar chomhchodanna oideachais na mac léinn a chinntiú; comhaontuithe soghluaisteachta do bhaill foirne a ullmhú agus a aithint;
- ullmhúchán teanga agus idirchultúrtha a sholáthraítear do mhic léinn agus do bhaill foirne isteach agus amach araon, rud atá ina chomhlánú ar Thacaíocht Teanga ar Líne Erasmus+;

⁴⁸ I gcás daoine tionlacain, d’fhéadfadh feidhm a bheith ag rátaí na mball foirne chomh maith le costais eisceachtúla le haghaidh taisteal costasach. I gcásanna eisceachtúla, i gcás inar gá don duine tionlacain fanacht ar an gcoigríoch ar feadh tréimhse is faide ná 60 lá, tacófar le costais chothaithe bhreise lastall den 60ú lá faoin gceannnteideal buiséid ar a dtugtar ‘tacaíocht chuimsiúcháin’.

- lánpháirtíú rannpháirtithe soghluaiste isteach san institiúid ardoideachais a éascú;
- socruithe meantóireachta agus maoirseachta éifeachtúla a áirithiú do rannpháirtithe soghluaiste;
- socruithe sonracha chun cáilíocht cúrsaí oiliúna do mhic léinn a áirithiú i bhfiontair óstacha/in ósteagraíochtaí;
- aitheantas ar na comhchodanna oideachais agus creidiúintí gaolmhara a áirithiú, trasscríbhinní taifead agus forlionsaí dioplómaí a eisiúint;
- tacú le hathlánpháirtíú rannpháirtithe soghluaiste agus cur leis na hinniúlachtaí nua atá faighte acu atá chun tairbhe don institiúid ardoideachais agus do na piaraí;
- Tionscnamh na gCártaí Mac Léinn Eorpacha (digitíú na bainistíochta soghluaisteachta) a chur chun feidhme;
- bealaí soghluaisteachta agus glasaíthe nósanna imeachta riaracháin atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur chun cinn;
- rannpháirtíocht daoine aonair ar lú na deiseanna atá acu a chur chun cinn agus a bhainistiú;
- gníomhaíochtaí um rannpháirtíocht saoránach a shainaithint agus a chur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh ar rannpháirtíocht sna gníomhaíochtaí sin;
- an tsoghluaisteacht cumaisc agus/nó idirnáisiúnta a chur chun cinn agus a bhainistiú.

Tugann institiúidí ardoideachais araon gealltanas go gcomhlíonfaidh siad prionsabail uile na Cairte chun soghluaisteacht ardcháilíochta a áirithiú, lena n-áirítear iad seo a leanas: ‘a áirithiú go mbeidh rannpháirtithe soghluaiste amach an-ullamh dá ngníomhaíochtaí ar an gcoigríoch, lena n-áirítear an tsoghluaisteacht cumaisc, trí ghníomhaíochtaí a dhéanamh chun an leibhéal riachtanach inniúlachta teanga a ghnóthú agus a n-inniúlachtaí idirchultúrtha a fhorbairt’ agus ‘tacaíocht teanga iomchuí a sholáthar do rannpháirtithe soghluaiste isteach’. Is féidir tairbhe a bhaint as saoráidí atá ann cheana laistigh de na h-institiúidí le haghaidh oiliúint teanga. Maidir leis na h-institiúidí ardoideachais sin a bheadh in ann soghluaisteacht mac léinn agus ball foirne ardcháilíochta a sholáthar, lena n-áirítear tacaíocht teanga, ar chostas níos ísle (nó toisc go ndéantar í a mhaoiniú faoi fhoinsí eile taobh amuigh de mhaoiniú an Aontais), bheadh an deis acu scair den deontas tacaíochta eagraíochtúla a aistriú chun breis gníomhaíochtaí soghluaisteachta a chistiú. Leis an gcomhaontú deontais sonraítear an leibhéal solúbthachta maidir leis sin.

I ngach cás, beidh oibleagáid chonarthathe ar na tairbhíthe seirbhísí ardcháilíochta den sórt sin a sholáthar agus déanfaidh Gníomhaireachtaí Náisiúnta monatóireacht agus seiceáil ar a bhfeidhmíocht, agus tuarascálacha na rannpháirtithe, atá soláthartha ag mic léinn agus ag baill foirne agus atá inrochtana go díreach ag na Gníomhaireachtaí Náisiúnta agus ag an gCoimisiún, á gcur san áireamh freisin.

Déantar an tacaíocht eagraíochtúil a ríomh bunaithe ar líon gach rannpháirtí shoghluaiste dá dtugtar tacaíocht (agus rannpháirtithe soghluaiste ag a bhfuil deontas nialasach ó chistí Erasmus+ de chuid an Aontais le haghaidh na tréimhse soghluaisteachta ina hiomláine san áireamh – féach thíos maidir le soghluaisteacht deontais nialasaigh – agus gach ball foirne ó fhiontair atá i mbun teagasc in institiúid ardoideachais). Áirítear rannpháirtithe soghluaiste, ag a bhfuil deontas nialasach ó chistí Erasmus+ le haghaidh na tréimhse soghluaisteachta ina hiomláine, mar rannpháirtithe soghluaiste dá dtugtar tacaíocht, toisc go dtairbhíonn siad den chreat soghluaisteachta agus de ghníomhaíochtaí eagraíochtúla. Dá bhrí sin, íoctar tacaíocht eagraíochtúil do na rannpháirtithe sin freisin. Níl daoine a thionlacann rannpháirtithe le linn a ngníomhaíochta ar an gcoigríoch san áireamh air sin. Ní mhéadaítear an ríomh tacaíochta eagraíochtúla go huathoibríoch i gcás ina n-eagraítear soghluaisteacht bhreise trí chistí a aistriú idir catagóirí éagsúla buiséid.

I gcás cuibhreannais soghluaisteachta, is féidir an tacaíocht eagraíochtúil a fhaitheamh a chomhroinnt ar na comhaltaí uile de réir rialacha a bheidh comhaontaithe eatarthu féin.

Maidir leis an tsoghluaisteacht a dtacaíonn cistí beartais sheachtraigh léi, déanfaidh na comhpháirtithe lena mbaineann an deontas tacaíochta eagraíochtúla a chomhroinnt ar bhonn atá inghlactha go frithpháirteach agus a mbeidh cinneadh déanta ag na h-institiúidí rannpháirteacha ina leith.

Rannpháirtithe soghluaiste ag a bhfuil deontas nialasach ó chistí Erasmus+ de chuid an Aontais

Maidir le mic léinn agus baill foirne ag a bhfuil deontas nialasach ó chistí Erasmus+ de chuid an Aontais, is rannpháirtithe soghluaiste iad nach bhfaigheann deontas Erasmus+ a bhaineann le cúrsaí taistil agus cothaithe, ach

comhlíonann siad ar bhealach eile na critéir uile maidir le soghluaisteacht mac léinn agus ball foirne agus tairbhíonn siad de gach buntáiste a bhaineann le bheith ina mic léinn agus ina mbaill foirne de chuid Erasmus+. Féadfaidh siad ciste ón Aontas nach ciste Erasmus+ é (CSE, srl.), nó deontas náisiúnta, réigiúnach nó deontas de chineál eile a fháil chun ranníocaíocht a dhéanamh lena gcostais soghluaisteachta. Déantar an líon rannpháirtithe soghluaiste ag a bhfuil deontas nialasach ó chistí Erasmus+ de chuid an Aontais le haghaidh na tréimhse soghluaisteachta ina hiomláine a áireamh sa staidreamh le haghaidh an táscaire feidhmíochta a úsáidtear chun buiséad an Aontais a leithdháileadh ar na tíortha.

Tacaíocht chuimsiúcháin

Maidir le duine ar lú na deiseanna atá acu a chaithfidh dul i ngleic le deacrachtaí mar gheall ar a riocht pearsanta, fisiceach, meabhrach nó sláinte ar bhealach nach mbeadh an duine sin in ann a bheith rannpháirteach sa tionscadal/sa ghníomhaíocht soghluaisteachta gan tacaíocht airgeadais bhreise ná tacaíocht de chineál eile. Maidir le hinstiúidí ardoideachais a bhfuil mic léinn agus/nó baill foirne ar lú na deiseanna atá acu roghnaithe acu, is féidir leo iarratas ar thacaíocht deontais bhreise a dhéanamh chuig an nGníomhaireacht Náisiúnta chun na costais fhorlíontacha a chumhdach le haghaidh a rannpháirtíochta sna gníomhaireachtaí soghluaisteachta. Le haghaidh daoine ar lú na deiseanna atá acu, go háirithe iad sin ag a bhfuil riochtaí fisiceacha, meabhracha nó sláinte, féadfaidh an tacaíocht deontais a bheith níos airde dá bhrí sin ná an t-úasmhéid deontais aonair a leagtar amach thíos. Tabharfaidh instiúidí ardoideachais tuairisc ar a suíomh gréasáin faoi conas is féidir le mic léinn agus baill foirne ar lú na deiseanna atá acu an tacaíocht deontais bhreise sin a iarraidh agus údar a thabhairt léi.

Féadfar maoiniú breise le haghaidh mic léinn agus baill foirne ar lú na deiseanna atá acu a sholáthar freisin ó fhoinsí eile ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus/nó náisiúnta.

Tugann gach instiúid ardoideachais, trí Chairt Ollscoile Erasmus a shíniú, gealltanas go n-áiritheoidh sí rochtain chomhionann agus comhionannas deiseanna le haghaidh rannpháirtithe ó gach cúlra. Dá bhrí sin, is féidir le mic léinn agus baill foirne ar lú na deiseanna atá acu tairbhiú de na seirbhísí tacaíochta a thairgeann an instiúid óstach dá mic léinn agus dá baill foirne áitiúla.

Costais eisceachtúla le haghaidh taisteal costasach

Is iad na rannpháirtithe atá incháilithe le haghaidh tacaíocht taistil agus atá rannpháirteach sa tsoghluaisteacht tionscadail a dtacaíonn cistí beartais inmheánaigh leo agus na rannpháirtithe sin amháin, atá incháilithe le haghaidh costais eisceachtúla le haghaidh taisteal costasach.

Ceadófar do thairbhíthe tionscadal soghluaisteachta tacaíocht airgeadais a éileamh le haghaidh costais taistil chostasaigh de chuid rannpháirtithe faoin gceannnteideal buiséid ‘costais eisceachtúla’ (80 % de chostais incháilithe iomlána). Ceadófar sin ar choinníoll gur féidir leis na tairbhíthe a shuí nach gcumhdaítear ar a laghad 70 % de chostais taistil na rannpháirtithe leis na rialacha maidir le maoiniú (bunaithe ar chostais aonaid in aghaidh banda achair taistil). Má dhámhtar iad, cuirtear na costais eisceachtúla le haghaidh taisteal costasach in ionad na tacaíochta taistil.

Foinsí cistiúcháin eile

Féadfaidh mic léinn agus baill foirne deontas réigiúnach, náisiúnta nó d’aon chineál eile a fháil, anuas ar dheontas Erasmus+, nó in ionad an deontais Erasmus+ (rannpháirtithe soghluaiste ag a bhfuil deontas nialasach ó mhaoiniú an Aontais) a bhainistíonn eagraíocht eile seachas an Gníomhaireacht Náisiúnta (mar shampla an Aireacht nó na húdaráis réigiúnacha). Féadfar cistí eile ó bhuiséad an Aontais (CSE, srl.) a chur in ionad deontais Erasmus+ freisin. Níl deontais a sholáthraítear trí fhoinsí maoiniúcháin seachas buiséad an Aontais faoi réir na méideanna ná na raonta íosta/uasta a shocraítear sa doiciméad seo.

Féadfaidh ósteagraíochtaí le haghaidh cúrsaí oiliúna tacaíocht airgeadais nó ranníocaíocht chomhchineáil a sholáthar do na hoiliúnaithe.

B) Tacaíocht deontais le haghaidh soghluaisteacht mac léinn

Tacaíocht aonair le haghaidh soghluaisteacht fhisiceach – bonnmhéideanna le haghaidh soghluaisteacht fhadtéarmach

Féadfaidh mic léinn deontas tacaíochta aonair a fháil mar ranníocaíocht lena gcostais taistil agus chothaithe bhreise a bhaineann lena dtréimhse staidéir nó lena gcúrsa oiliúna ar an gcoigríoch.

Le haghaidh na soghluaisteachta idir Ballstáit de chuid an Aontais agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár agus chuig tíortha nach bhfuil san Aontas ó réigiúin 13 agus 14 nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, saineoidh na Gníomhaireachtaí Náisiúnta na méideanna míosúla i gcomhaontú le hÚdaráis Náisiúnta, agus/nó leis na hinstiúidí ardoideachais ar bhonn critéir oibiachtúla agus thrédhearcacha mar a thugtar tuairisc orthu thíos. Foilseofar na méideanna beachta ar shuíomhanna gréasáin na nGníomhaireachtaí Náisiúnta agus na nInstitiúidí ardoideachais.

Ballstáit an Aontais agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár agus tíortha ó réigiúin 13 agus 14⁴⁹ nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, déantar iad a roinnt sna trí ghrúpa seo a leanas:

Grúpa 1 Tíortha lena mbaineann costais mhaireachtála níos airde	An Danmhairg, Éire, an Fhionlainn, an Iorua, an Íoslainn, Lichtinstéin, Lucsamburg, an tSualainn. Tíortha nach bhfuil san Aontas ó Réigiún 14 nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár.
Grúpa 2 Tíortha de chuid an chlár lena mbaineann meánchostais mhaireachtála	An Bheilg, an Chipir, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, Málta, an Ostair, an Phortaingéil, an Spáinn. Tíortha nach bhfuil san Aontas ó Réigiún 13 nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár.
Grúpa 3 Tíortha lena mbaineann costais mhaireachtála níos ísle	An Bhulgáir, an Chróit, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, an Mhacadóin Thuaidh, Poblacht na Seice, an Pholainn, an Rómáin, an tSeirbia, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Tuirc, an Ungáir.

Beidh an deontas tacaíochta aonair Erasmus+ ón Aontas a sholáthraítear do mhic léinn ag brath ar a sreabhadh soghluaisteachta idir tíortha seolta agus óstacha na mac léinn, mar a leanas:

- soghluaisteacht i dtreo tír ina bhfuil costais mhaireachtála chomhchosúla: gheobhaidh na mic léinn an deontas meánraoin ón Aontas;
- soghluaisteacht i dtreo tír lena mbaineann costais mhaireachtála níos airde: gheobhaidh na mic léinn an deontas ardraoin ón Aontas;
- soghluaisteacht i dtreo tír ina bhfuil costais mhaireachtála níos ísle: gheobhaidh na mic léinn an deontas ísealraoin ón Aontas.

⁴⁹ Tíortha nach bhfuil san Aontas ó Réigiún 13 agus 14 nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár agus nach bhfuil ach ina dtíortha óstacha.

Socrófar na méideanna arna sainiú ag Gníomhaireachtaí Náisiúnta laistigh de na raonta íosta agus uasta seo a leanas:

- **Deontas meánraoin ón Aontas:** beidh feidhm le deontas meánraoin, idir EUR 292 agus 606 in aghaidh na míosa, maidir le gníomhaíochtaí soghluaisteachta i dtreo tír ina bhfuil costais mhaireachtála chomhchosúla: a) ó Ghrúpa 1 go Grúpa 1, b) ó Ghrúpa 2 go Grúpa 2 agus c) ó Ghrúpa 3 go Grúpa 3.
- **Deontas ardraoin ón Aontas:** comhfhreagraíonn sé don mheánraon arna chur i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht Náisiúnta móide ar a laghad EUR 50 agus idir EUR 348 agus 674 in aghaidh na míosa. Tá feidhm aige maidir le gníomhaíochtaí soghluaisteachta i dtreo tír lena mbaineann costais mhaireachtála níos airde: a) ó thíortha Ghrúpa 2 go Grúpa 1 agus b) ó thíortha Ghrúpa 3 go Grúpa 1 agus 2.
- **Deontas ísealraoin ón Aontas:** comhfhreagraíonn sé don mheánraon arna chur i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht Náisiúnta lúide ar a laghad EUR 50 agus idir EUR 225 agus 550 in aghaidh na míosa. Tá feidhm aige maidir le gníomhaíochtaí soghluaisteachta i dtreo tír lena mbaineann costais mhaireachtála níos ísle: a) ó thíortha Ghrúpa 1 go Grúpa 2 agus Grúpa 3 agus b) ó Ghrúpa 2 go Grúpa 3.

Agus na méideanna atá le cur i bhfeidhm idir tairbhíthe ina dtír á sainiú, breathnóidh Gníomhaireachtaí Náisiúnta dhá chritéar shonracha:

- infhaighteacht agus leibhéal na bhfoinsí cómhaoiniúcháin eile ó chomhlachtaí príobháideacha agus poiblí ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta chun an deontas ón Aontas a chomhlánú;
- an leibhéal éilimh ginearálta ó mhic léinn ag a bhfuil sé beartaithe dul i mbun staidéar nó oiliúint ar an gcoigríoch.

Le haghaidh gníomhaíochtaí soghluaisteachta idir Ballstáit de chuid an Aontais agus tíortha nach bhfuil sa Chlár atá comhlachaithe leis an gClár agus tíortha ó réigiúin 13 agus 14 nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, féadfaidh Gníomhaireachtaí Náisiúnta cinneadh solúbthacht a thabhairt dá n-institiúidí ardoideachais trí raonta seachas méideanna a shocrú ar an leibhéal náisiúnta. Ba cheart an méid sin a bhunú ar fhorais lena bhfuil údar, mar shampla i dtíortha ina bhfuil cómhaoiniú ar fáil ar an leibhéal réigiúnach nó institiúideach.

MIC LÉINN AGUS CÉIMITHE NUA AR LÚ NA DEISEANNA ATÁ ACU – MÉID BREISIÚCHÁIN AR AN TACAÍOCHT AONAIR LE HAGHAIDH SOGHLUAISTEACHT FHADTÉARMACH

Faigheann mic léinn agus céimithe nua ar lú na deiseanna atá acu méid breisiúcháin ar an tacaíocht aonair a fhaigheann siad óna ndeontas Erasmus+ de chuid an Aontais le méid is ionann agus EUR 250 in aghaidh na míosa. Is iad na Gníomhaireachtaí Náisiúnta i gcomhaontú leis na húdaráis Náisiúnta ar an leibhéal náisiúnta a shainíonn na critéir atá le cur i bhfeidhm.

MIC LÉINN AGUS CÉIMITHE NUA AR CHÚRSAÍ OILIÚNA – MÉID BREISIÚCHÁIN AR AN TACAÍOCHT AONAIR LE HAGHAIDH SOGHLUAISTEACHT FHADTÉARMACH

Gheobhaidh mic léinn agus céimithe nua a dhéanann cúrsaí oiliúna méid breisiúcháin eile ar an tacaíocht aonair ón deontas Erasmus+ de chuid an Aontais le méid is ionann agus EUR 150 in aghaidh na míosa. Tá mic léinn agus céimithe nua ar lú na deiseanna atá acu agus a ghlacann páirt i gcúrsaí oiliúna i dteideal an méid breisiúcháin a fháil do mhic léinn agus do chéimithe nua ar lú na deiseanna atá acu chomh maith leis an méid breisiúcháin le haghaidh cúrsaí oiliúna.

SOGHLUAISTEACHT FHADTÉARMACH AGUS MIC LÉINN AGUS CÉIMITHE ÓN RÉIGIÚIN IS FORIMEALLAÍ AGUS Ó THÍORTHA AGUS CRÍOCHA THAR LEAR

I bhfianaise na srianta a fhorchuirtear de dheasca na hiargúlachta ó Bhallstáit eile an Aontais agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár agus an leibhéal eacnamaíoch, mic léinn agus céimithe nua a théann i mbun staidéar nó a chuaigh i mbun staidéar in institiúidí ardoideachais atá lonnaithe sna réigiúin is forimeallaí de chuid Bhallstáit an Aontais, agus i dtíortha agus Críocha Thar Lear atá comhlachaithe le Ballstáit an Aontais, gheobhaidh siad na méideanna is airde seo a leanas le haghaidh tacaíocht aonair:

Ó	Chuig	Méid
Réigiúin is forimeallaí agus tíortha agus críocha thar lear	Ballstáit an Aontais agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár agus tíortha ó réigiúin 13 agus 14 nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár.	EUR 786 in aghaidh na míosa

Sa chás seo, ní bheidh feidhm leis an méid breisiúcháin le haghaidh mic léinn agus céimithe nua ar lú na deiseanna atá acu. Tá feidhm leis an méid breisiúcháin le haghaidh cúrsaí oiliúna.

MIC LÉINN AGUS CÉIMITHE NUA AR SHOGLUAISTEACHT FHADTÉARMACH IDIRNÁISIÚNTA A BHFUIL TÍORTHA NACH BHFUIL SAN AONTAS AGUS NACH BHFUIL COMHLACHAITHE LEIS AN GCLÁR RANPHÁIRTEACH INTI

Tá an bonnmhéid le haghaidh tacaíocht aonair socraithe mar a leanas:

Ó	Chuig	Méid
Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár	Tíortha nach bhfuil san Aontas ó Réigiúin 1-12 nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár.	EUR 700 in aghaidh na míosa
Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár	Tíortha nach bhfuil san Aontas ó Réigiúin 13 agus 14 nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár.	Mar a thugtar tuairisc air thuas sa roinn ‘Tacaíocht deontais le haghaidh soghluaisteacht mac léinn – Tacaíocht aonair le haghaidh soghluaisteacht fhisiceach’
Tíortha nach bhfuil san Aontas ó Réigiúin 1-12 nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár.	Grúpa 1 de Bhallstáit an Aontais agus de thíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár	EUR 900 in aghaidh na míosa
	Grúpa 2 de Bhallstáit an Aontais agus de thíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár	EUR 850 in aghaidh na míosa
	Grúpa 3 de Bhallstáit an Aontais agus de thíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár	EUR 800 in aghaidh na míosa

Sa chás seo, beidh feidhm leis an méid breisiúcháin le haghaidh mic léinn agus céimithe nua ar lú na deiseanna atá acu.

Ní bheidh feidhm ag an méid breisiúcháin le haghaidh cúrsaí oiliúna ach i gcás soghluaisteachta chuig tíortha nach bhfuil san Aontas ó Réigiúin 13 agus 14 nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár.

Tá na réigiúin is forimeallaí agus tíortha agus críocha thar lear san áireamh i mBallstáit an Aontais Eorpaigh agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár.

MIC LÉINN AGUS CÉIMITHE NUA I MBUN SOGHLUAISTEACHT FHSICEACH GHEARRTHÉARMACH – BONNMHÉIDEANNA TACAÍOCHTA AONAIR (AN TSOGHLUAISTEACHT CUMASC AGUS AN TSOGHLUAISTEACHT DOCHTÚIREACHTA GHEARRTHÉARMACH)

Tá na bonnmhéideanna le haghaidh tacaíocht aonair socraithe mar a leanas:

Fad na gníomhaíochta fisicí	Méid (le haghaidh aon Bhallstát de chuid an Aontais agus tír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár nó tír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár)
Suas leis an 14ú lá den ghníomhaíocht	EUR 79 in aghaidh an lae
An 15ú go dtí an 30ú lá ghníomhaíochta	EUR 56 in aghaidh an lae

Féadfaidh aon lá taistil roimh an ngníomhaíocht agus aon lá taistil i ndiaidh na gníomhaíochta a bheith cumhdaithe le tacaíocht aonair freisin.

MIC LÉINN AGUS CÉIMITHE NUA AR LÚ NA DEISEANNA ATÁ ACU – MÉID BREISIÚCHÁIN AR THACAÍOCHT AONAIR LE HAGHAIDH NA SOGHLUAISTEACHTA FISICÍ GEARRTHÉARMAÍ

Faigheann mic léinn agus céimithe nua ar lú na deiseanna atá acu méid breisiúcháin ar an tacaíocht aonair a fhaigheann siad óna dheontas Erasmus+ de chuid an Aontais ar méid é is ionann agus EUR 100 le haghaidh tréimhse ghníomhaíochta soghluaisteachta fisicí a mhaireann 5-14 lá agus EUR 150 le haghaidh tréimhse a mhaireann 15-30 lá. Is iad na Gníomhaireachtaí Náisiúnta i gcomhaontú leis na hÚdaráis Náisiúnta ar an leibhéal náisiúnta a shainíonn na critéir atá le cur i bhfeidhm.

Sa chás seo, ní bheidh feidhm leis an méid breisiúcháin le haghaidh cúrsaí oiliúna.

Tá na réigiúin is forimeallaí agus tíortha agus críocha thar lear san áireamh i mBallstáit an Aontais Eorpaigh agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár.

MIC LÉINN AGUS CÉIMITHE NUA NACH BHFAIGHEANN TACAÍOCHT TAISTIL – MÉID BREISIÚCHÁIN AR THACAÍOCHT AONAIR LE HAGHAIDH TAISTEAL GLAS

Mic léinn agus céimithe nua nach bhfaigheann an chatagóir bhuiséid tacaíochta taistil, is féidir leo taisteal glas a roghnú. Sa chás sin, gheobhaidh siad ranníocaíocht aonair EUR 50 mar mhéid breisiúcháin ar an tacaíocht aonair agus suas le 4 lá de thacaíocht aonair bhreise chun laethanta taistil a chumhdach le haghaidh turas fillte, más ábhartha.

Tacaíocht taistil

Gheobhaidh na rannpháirtithe seo a leanas na méideanna tacaíochta taistil thíos chun tacú leo lena gcostais taistil a chumhdach (cé is moite de na rannpháirtithe sin a bhfuil feidhm ag an rogha diúltaithe ar a dtugtar tuairisc thíos ina leith):

- mic léinn agus céimithe nua a théann i mbun staidéar nó a chuaigh i mbun staidéar in institiúidí ardoideachais atá lonnaithe sna réigiúin is forimeallaí de chuid Bhallstáit an Aontais, sa Chipir, san Íoslainn, i Málta agus i dTíortha agus Críocha Thar Lear atá comhlachaithe le Ballstáit an Aontais agus a théann chuig Ballstáit de chuid an Aontais agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár nó chuig tíortha nach bhfuil san Aontas ó réigiún 13 nó 14 nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár;
- mic léinn agus céimithe nua ar lú na deiseanna atá acu ar an tsoghluaisteacht ghearrthéarmach; agus

- mic léinn agus céimithe nua amach agus isteach ar shoghluaisteacht idirnáisiúnta a bhfuil tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár rannpháirteach inti, cé is moite de Réigiúin 13 agus 14.

Achair taistil ⁵⁰	I gcás taisteal caighdeánach	I gcás taisteal glas
Idir 10 agus 99 KM:	EUR 23 in aghaidh an rannpháirtí	
Idir 100 agus 499 KM:	EUR 180 in aghaidh an rannpháirtí	EUR 210 in aghaidh an rannpháirtí
Idir 500 agus 1 999 KM:	EUR 275 in aghaidh an rannpháirtí	EUR 320 in aghaidh an rannpháirtí
Idir 2 000 agus 2 999 KM:	EUR 360 in aghaidh an rannpháirtí	EUR 410 in aghaidh an rannpháirtí
Idir 3 000 agus 3 999 KM:	EUR 530 in aghaidh an rannpháirtí	EUR 610 in aghaidh an rannpháirtí
Idir 4 000 agus 7 999 KM:	EUR 820 in aghaidh an rannpháirtí	
8 000 KM nó níos mó:	EUR 1 500 in aghaidh an rannpháirtí	

Mic léinn agus céimithe nua a roghnaíonn taisteal glas, gheobhaidh siad suas le 4 lá de thacaíocht aonair bhreise chun laethanta taistil a chumhdach le haghaidh turas fillte, más ábhartha.

I dtionscadail soghluaisteachta a dtacaíonn cistí beartais inmheánaigh leo, féadfaidh tairbhíthe roghnú nach soláthróidh siad tacaíocht taistil le haghaidh gach mic léinn agus céimí incháilithe ar shoghluaisteacht ó Bhallstát de chuid an Aontas agus ó thíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár chuig tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. Ní áirítear mic léinn agus céimithe ar lú na deiseanna atá acu ar an roghnú diúltaithe sin agus ní mór dóibh tacaíocht taistil a fháil i gcónaí.

⁵⁰ Bunaithe ar an bhfad taistil in aghaidh an rannpháirtí. Ní mór achair taistil a ríomh ag úsáid an áireamháin achair lena dtacaíonn an Coimisiún Eorpach (https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/resources/distance-calculator_ga). Ní mór achar taistil aontreo a úsáid chun méid an deontais ón Aontas a ríomh lena dtacófar leis an turas fillte.

C) TACAÍOCHT DEONTAIS LE HAGHAIDH SOGHLUAISTEACHT BALL FOIRNE

Gheobhaidh baill foirne deontas ón Aontas mar ranníocaíocht lena gcostais taistil agus chothaithe le linn na tréimhse ar an gcoigríoch mar a leanas:

Catagóir bhuiséid	Costais incháilithe agus rialacha is infheidhme	Méid		
Tacaíocht taistil	Ranníocaíocht a dhéanamh le costais taistil na rannpháirtithe, óna n-áit bhunaidh chuig ionad na gníomhaíochta agus ar ais. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an bhfad taistil in aghaidh an rannpháirtí. Ní mór don iarratasóir an t-achar idir an áit bhunaidh agus ionad na gníomhaíochta a léiriú⁵¹ tríd an áireamhán taistil lena dtacaíonn an Coimisiún Eorpach a úsáid⁵².	Achar taistil	Taisteal caighdeánach	Taisteal glas
		10 – 99 km	EUR 23	
		100 – 499 km	EUR 180	EUR 210
		500 – 1 999 km	EUR 275	EUR 320
		2 000 – 2 999 km	EUR 360	EUR 410
		3 000 – 3 999 km	EUR 530	EUR 610
		4000 – 7999 km	EUR 820	
		8 000 km nó níos mo	EUR 1500	
Tacaíocht aonair	Costais atá nasctha go díreach le cothú na rannpháirtithe le linn na gníomhaíochta. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar fhad an fhanachta in aghaidh an rannpháirtí (más gá, lena n-áirítear 1 lá taistil roimh an ngníomhaíocht agus 1 lá taistil i ndiaidh na gníomhaíochta) Baill foirne a roghnaíonn taisteal glas, gheobhaidh siad suas le ceithre lá de thacaíocht aonair bhreise chun laethanta taistil le haghaidh turas fillte a chumhdach, más ábhartha.	Suas leis an 14ú lá den ghníomhaíocht: tábla A1.1, in aghaidh an lae in aghaidh an rannpháirtí ó Bhallstáit an Aontais agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gclár, nó tábla A1.2 in aghaidh an lae in aghaidh an rannpháirtí ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gclár idir an 15ú agus an 60ú lá den ghníomhaíocht: 70 % de thábla A1.1, in aghaidh an lae in aghaidh an rannpháirtí ó Bhallstáit an Aontais agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gclár, nó 70 % de thábla A1.2, in aghaidh an lae in aghaidh an rannpháirtí ó thíortha nach		

⁵¹ Mar shampla, má bhíonn duine ó Mhaidrid (na Spáinne) ag glacadh páirt i ngníomhaíocht atá á reáchtáil sa Róimh (an Iodáil), déanfaidh an t-iarratasóir an t-achar ó Mhaidrid go dtí an Róimh (1 365.28 KM) agus ansin roghnóidh an t-iarratasóir an banda achair taistil is infheidhme (is é sin, idir 500 agus 1 999 km).

⁵² https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/resources/distance-calculator_ga

		bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár
--	--	--

Tábla A – Tacaíocht aonair (méideanna in euro in aghaidh an lae)

Braitheann na méideanna ar an tír óstach. Socrófar na méideanna sin laistigh de na raonta íosta agus uasta dá bhforáiltear sa tábla thíos. Agus na méideanna atá le cur i bhfeidhm idir tairbhíthe ina dtír á sainiú, breithneoidh Gníomhaireachtaí Náisiúnta, i gcomhaontú le hÚdaráis Náisiúnta, dhá chritéar shonracha:

- infhaighteacht agus leibhéal na bhfoinsí cómhaoiniúcháin eile ó chomhlachtaí príobháideacha agus poiblí ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta chun an deontas ón Aontas a chomhlánú;
- an leibhéal éilimh ginearálta ó bhaill foirne ag a bhfuil sé beartaithe tabhairt faoin teagasc nó oiliúint a fháil ar an gcoigríoch.

Ba cheart an céatadán céanna laistigh den raon a chur i bhfeidhm maidir le gach tír cinn scríbe. Ní féidir an méid céanna a thabhairt le haghaidh gach tíre cinn scríbe.

An tír óstach	Baill foirne ó Bhallstáit an Aontais agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár	Baill foirne ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár
	Íosmhéid- Uasmhéid (in aghaidh an lae)	Méid (in aghaidh an lae)
	A1.1	A1.2
An Danmhairg, Éire, an Fhionlainn, an Iorua, an Íoslainn, Lichtinstéin, Lucsamburg, an tSualainn	90- 180	180
Tíortha nach bhfuil san Aontas ó Réigiún 14 nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár	90- 180	Neamh- incháilithe
An Bheilg, an Chipir, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, Málta, an Ostair, an Phortaingéil, an Spáinn	79- 160	160

Tíortha nach bhfuil san Aontas ó Réigiún 13 nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár	79- 160	Neamh- incháilithe
An Bhulgáir, an Chróit, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, an Mhacadóin Thuaidh, Poblacht na Seice, an Pholainn, an Rómáin, an tSeirbia, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Tuirc, an Ungáir	67- 140	140
Tíortha nach bhfuil san Aontas ó Réigiún 1-12 nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár	180	Neamh- incháilithe

Le haghaidh gníomhaíochtaí soghluaisteachta idir Ballstáit de chuid an Aontais agus tíortha nach bhfuil sa Chlár atá comhlachaithe leis an gClár agus tíortha ó réigiún 13 agus 14 nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, féadfaidh Gníomhaireachtaí Náisiúnta cinneadh solúbthacht a thabhairt dá n-institiúidí ardoideachais trí raonta seachas méideanna a shocrú ar an leibhéal náisiúnta. Ba cheart an méid sin a bhunú ar fhorais lena bhfuil údar, mar shampla i dtíortha ina bhfuil cómhaoiniú ar fáil ar an leibhéal réigiúnach nó institiúideach. Foilseofar na méideanna beachta ar shuíomhanna gréasáin gach Gníomhaireachta Náisiúnta agus institiúide ardoideachais.

D) AN LEIBHÉAL TACAÍOCHTA AIRGEADAIS LE HAGHAIDH MIC LÉINN AGUS BAILL FOIRNE ARNA SHAINIÚ AG INSTITIÚIDÍ ARDOIDEACHAIS AGUS CUIBHREANNAIS SOGHLUAISTEACHTA

I ngach cás, beidh ar institiúidí ardoideachais agus cuibhreannais soghluaisteachta na prionsabail agus na critéir seo a leanas a urramú agus na rátaí de chuid an Aontais á sainiú agus/nó á gcur i bhfeidhm laistigh dá n-institiúid:

- A luaithe a bheith na rátaí sainithe ag na h-institiúid/ag na cuibhreannais, fanfaidh siad mar an gcéanna le linn fhad an tionscadail soghluaisteachta. Ní féidir leibhéal na ndeontas laistigh den tionscadal céanna a laghdú ná a mhéadú.
- Ní mór na rátaí a shainiú/agus nó a chur i bhfeidhm ar bhealach oibiachtúil trédhearcach, agus na prionsabail uile agus an mhodheolaíocht a thuairiscítear thuas á gcur san áireamh (is é sin, i bhfianaise an tsreabhaidh soghluaisteachta chomh maith leis an maoiniú sonrach breise).
- Ní mór an leibhéal céanna deontais a thabhairt do gach mac léinn a théann chuig an ngrúpa céanna tíortha le haghaidh an chineáil chéanna soghluaisteachta – staidéir nó cúrsaí oiliúna (cé is moite de mhic léinn agus céimithe nua ar lú na deiseanna atá acu nó ó na Ballstáit AE is forimeallaí agus ó thíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár, na réigiúin is forimeallaí agus tíortha agus críocha thar lear).

E) Dianchláir chumaisc

Catagóir bhuiséid	Costais incháilithe agus rialacha is infheidhme	Méid
Tacaíocht Eagraíochtúil	Costais atá nasctha go díreach le heagrú na ndianchlár (cé is moite de chostais chothaithe agus taistil le haghaidh rannpháirtithe). Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an líon rannpháirtithe soghluaisteachta ardoideachais (foghlaimoirí) atá maoinithe le tionscadail soghluaisteachta a dtacaíonn cistí beartais inmheánaigh leo, gan múinteoirí/oiliúnóirí a chur san áireamh, ar múinteoirí/oiliúnóirí iad ag a bhfuil baint le seachadadh an chlár. Déanann an institiúid ardoideachais comhordúcháin iarratas ar an tacaíocht eagraíochtúil thar ceann an ghrúpa institiúidí a eagraíonn an dianchlár cumais go comhpháirteach.	EUR 400 in aghaidh an rannpháirtí, le 15 rannpháirtí soghluaisteachta maoinithe Erasmus+ ar a laghad agus 20 rannpháirtí ar a mhéad

Is éard atá sa deontas tacaíochta eagraíochtúla le haghaidh dianchlár cumaisc ranníocaíocht le haon chostas a thabhaíonn na hinstiúidí atá rannpháirteach i ndáil le heagrú na ndianchlár cumaisc, cuir i gcás costais a bhaineann le hullmhú, dearadh, forbairt, cur chun feidhme agus bearta leantacha na gclár, agus seachadadh na ngníomhaíochtaí fisiciúla agus na ngníomhaíochtaí físiúla/cianda chomh maith le bainistíocht agus comhordú foriomlán san áireamh.

Tá an institiúid ardoideachais is comhordaitheoir freagrach as an deontas tacaíochta eagraíochtúla le haghaidh dianchlár cumaisc a roinnt i measc na comhpháirtíochta i gcás ina dtabhaítear na costais thuasluaite.

CREIDIÚNÚ ERASMUS I RÉIMÍS AN GHAIRMOIDEACHAIS AGUS NA GAIRMOILIÚNA, AN OIDEACHAIS SCOILE AGUS AN OIDEACHAIS AOSAIGH

Is éard atá i gceist le creidiúnú Erasmus ná uirlis le haghaidh eagraíochtaí sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, san oideachas scoile agus san oideachas aosach ar mian leo dul i mbun malartú agus comhar trasteorann. Má dhámhtar creidiúnú Erasmus deimhnítear leis sin go bhfuil plean curtha ar bun ag an iarratasóir chun gníomhaíochtaí soghluaisteachta ardcháilíochta a chur chun feidhme mar chuid d'iarracht leathan chun a n-eagraíocht a fhorbairt. Tugtar Plean Erasmus ar an bplean sin agus is cuid lárnach den iarratas ar chreidiúnú Erasmus é.

Is féidir le hiarratasóirí iarratas a dhéanamh ar chreidiúnú Erasmus aonair le haghaidh a n-eagraíochta, nó ar chreidiúnú Erasmus do chomhordaitheoirí cuibhreannais soghluaisteachta, mar a mhínítear thíos. Ní gá taithí a fháil sa chlár roimh ré chun iarratas a dhéanamh.

Féadfar lipéad feabhais a dhámhachtain ar eagraíochtaí ag a bhfuil creidiúnú Erasmus cheana chun an obair a rinne siad cheana agus a ndúthracht i leith na cáilíochta a aithint.

CONAS TEACHT AR DHEISEANNA SOGHLUAISTEACHTA LE CREIDIÚNÚ ERASMUS?

Gheobhaidh iarratasóirí rathúla ar chreidiúnú Erasmus rochtain shimplithe ar dheiseanna maoinithe Phríomhghníomhaíocht 1 i bhfoirm tionscadail soghluaisteachta chreidiúnaithe a chuirtear i láthair sa Treoir seo.

CUSPÓIRÍ NA GNÍOMHAÍOCHTA

I nGACH CEANN DE NA TRÍ RÉIMSE:

An éirim Eorpach maidir leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim a neartú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- luachanna an chuimsithe agus na héagsúlachta, na caoinfhulaingthe, agus na rannpháirtíochta daonlathaí a chur chun cinn
- eolas faoi oidhreacht agus éagsúlacht chomhroinnte na hEorpa a chur chun cinn
- tacú le forbairt líonraí gairmiúla ar fud na hEorpa

I RÉIMSE AN GHAIRMOIDEACHAIS AGUS NA GAIRMOILIÚNA:

Rannchuidiú le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint agus Dhearbhú Osnabrück⁵³ agus leis an gClár Oibre Eorpach do Scileanna⁵⁴, agus le cruthú an Limistéir Eorpaigh Oideachais tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cáilíocht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna tosaigh agus leanúnaí (IVET agus CVET) a mhéadú
- príomhinniúlachtaí agus scileanna trasnaí a neartú, go háirithe foghlaim teangacha agus scileanna digiteacha
- tacú le forbairt scileanna a bhaineann go sonrach le post agus a bhfuil gá leo sa mhargadh saothair atá ann agus a bheidh ann amach anseo

⁵³ https://www.cedefop.europa.eu/files/osnabrueck_declaration_eu2020.pdf

⁵⁴ <https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1223&langId=ga>

- deaḡchleachtais a chomhroinnt agus úsáid modhanna agus teicneolaíochtaí nua, nuálacha agus oideolaíocha a chur chun cinn, agus tacú le forbairt ghairmiúil múinteoirí, oiliúnóirí, meantóirí agus ball foirne eile sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint
- acmhainneacht soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna a fhothú chun tionscadail soghluaisteachta ardcháilíochta a chur i gcrích, agus cur lena gcumas comhpháirtíochtaí ardcháilíochta a dhéanamh agus forbairt á déanamh ar a straitéis um idirnáisiúint
- féachaint chuige go mbeidh an tsoghluaisteacht ina féidearthacht réalaíoch d'aon fhoghlaimeoir sa ghairmoideachas agus gairmoiliúint tosaigh agus sa ghairmoideachas agus gairmoiliúint leanúnach, agus an meánfhad soghluaisteachta d'fhoghlaimeoirí sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint a mhéadú chun cáilíocht agus tionchar na soghluaisteachta a mhéadú
- cáilíocht, trédhearcacht agus aithint thorthaí foghlama na dtréimhsí soghluaisteachta ar an gcoigríoch a chothú, go háirithe trí uirlisí agus ionstraimí Eorpacha a úsáid chun na críche sin

I RÉIMSE AN OIDEACHAIS SCOILE

Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama san oideachas scoile a mhéadú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- tacú le forbairt ghairmiúil múinteoirí, ceannairí scoile agus ball foirne scoile eile
- úsáid teicneolaíochtaí nua agus modhanna teagaisc nuálacha a chur chun cinn
- feabhas a chur ar fhoghlaím teanga agus ar an éagsúlacht teanga i scoileanna
- tacú le comhroinnt agus aistriú deaḡchleachtas i bhforbairt teagaisc agus scoile

Rannchuidiú le Limistéar Eorpach Oideachais a chruthú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- acmhainneacht scoileanna a fhothú chun dul i mbun malartuithe trasteorann agus comhar trasteorann, agus tionscadail soghluaisteachta ardcháilíochta a chur i gcrích
- féachaint chuige go mbeidh an tsoghluaisteacht foghlama ina féidearthacht réalaíoch d'aon dalta san oideachas scoile
- aitheantas ar thorthaí foghlama daltaí agus ball foirne i dtréimhsí soghluaisteachta ar an gcoigríoch a chothú

I RÉIMSE AN OIDEACHAIS AOSAIGH:

Rannchuidiú le Limistéar Eorpach Oideachais a chruthú agus leis an gClár Oibre Eorpach do Scileanna tríd an méid seo a leanas a dhéanamh⁵⁵:

- cáilíocht an oideachais aosaigh fhoirmiúil, neamhfhoirmiúil agus sheachfhoirmiúil a mhéadú
- feabhas a chur ar cháilíocht an oideachais aosaigh a trí ghairmiúlú na mball foirne agus fothú acmhainneachta soláthraithe oideachais aosaigh chun cláir foghlama ardcháilíochta a chur chun feidhme
- cáilíocht an teagaisc agus na foghlama a mhéadú i ngach foirm den oideachas aosach, agus féachaint chuige go mbeidh an méid sin ábhartha i leith riachtanais na socháí i gcoitinne

⁵⁵ <https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1223&langId=ga>

- feabhas a chur ar sholáthar an oideachais aosaigh le haghaidh príomhinniúlachtaí mar a shainmhínítear i gcreat an Aontais (2018), lena n-áirítear scileanna bunúsacha (an litearthacht, an uimhearthacht, scileanna digiteacha) agus scileanna saoil eile
- acmhainneacht soláthraithe oideachais aosaigh agus eagraíochtaí eile a fhothú ag a bhfuil ról i réimse an oideachais aosaigh chun tionscadail soghluaisteachta ardcháilíochta a chur i gcrích
- rannpháirtíocht daoine fásta de gach aois agus cúlra socheacnamaíoch san oideachas aosach a mhéadú, go háirithe trí rannpháirtíocht eagraíochtaí atá ag obair le foghlaimoirí faoi mhíbhuntáiste, soláthraithe beaga oideachais aosaigh, nuatheachtaithe chuig an gclár, agus eagraíochtaí ag a bhfuil níos lú taithí, chomh maith le heagraíochtaí pobalbhunaithe an ghnáthphobail a chothú

CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	I réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna: (1) Eagraíochtaí a sholáthraíonn an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint tosaigh nó leanúnach (2) Údaráis phoiblí áitiúla agus réigiúnacha, comhlachtaí comhordúcháin agus eagraíochtaí eile ag a bhfuil ról i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna (3) Cuideachtaí agus eagraíochtaí poiblí nó príobháideacha eile a óstálann foghlaimoirí agus printísigh sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, a chuireann oiliúint orthu agus a oibríonn leo
	I réimse an oideachais scoile: (1) Scoileanna a sholáthraíonn an t-oideachas ginearálta ar an leibhéal réamh- bhunscoile, bunscoile nó meánscoile⁵⁶ (2) Údaráis phoiblí áitiúla agus réigiúnacha, comhlachtaí comhordúcháin agus eagraíochtaí eile ag a bhfuil ról i réimse an oideachais scoile
	I réimse an oideachais aosaigh: (1) Eagraíochtaí a sholáthraíonn an t-oideachas aosach foirmiúil, neamhfhoirmiúil agus seachfoirmiúil⁵⁷ (2) Údaráis phoiblí áitiúla agus réigiúnacha, comhlachtaí comhordúcháin agus eagraíochtaí eile ag a bhfuil ról i réimse an oideachais aosaigh
	Sainmhínte agus prionsabail infheidhme i ngach ceann de na trí réimse Cinnfear incháilitheacht na n-eagraíochtaí faoi chritéar (1) bunaithe ar na cláir oideachais agus ar na gníomhaíochtaí oideachais atá á soláthar acu. Féadfaidh eagraíocht a bheith incháilithe i mbreis agus réimse amháin má bhíonn cláir oideachais agus gníomhaíochtaí oideachais dhifriúla á soláthar aici. Saineoidh an tÚdarás Náisiúnta inniúil i ngach tír an méid seo a leanas: ▪ na cláir oideachais agus na gníomhaíochtaí oideachais lena gcumasaítear d'eagraíochtaí a bheith incháilithe faoi chritéar (1), agus ▪ na heagraíochtaí atá incháilithe faoi chritéar (2). Foilseofar na sainmhínte infheidhme agus samplaí d'eagraíochtaí incháilithe ar shuíomh

⁵⁶ Eagraíochtaí a sholáthraíonn oideachas agus cúram na luath-óige san áireamh. Eagraíochtaí ag a bhfuil stádas speisialta agus atá faoi mhaoirseacht na n-údarás áitiúil i dtír eile (mar shampla Lycée français nó scoileanna Gearmánacha), d'fhéadfadh go mbeadh orthu iarratas a chur isteach chuig Gníomhaireacht Náisiúnta na tíre maoirseachta. Chun eolas beacht a fháil ar gach cás, déan teagmháil leis an nGníomhaireacht Náisiúnta sa tír óstach nó sa tír ina bhfuil an t-údarás náisiúnta ábhartha.

⁵⁷ Gan dochar do shainmhínte atá bunaithe ag an Údarás Náisiúnta inniúil, tabhair faoi deara go meastar go bhfuil eagraíochtaí a sholáthraíonn an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint d'fhoghlaimoirí fásta ina soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna go hiondúil seachas ina soláthraithe oideachais aosaigh. Chun breis faisnéise a fháil, féach na sainmhínte is infheidhme ar shuíomh gréasáin do Ghníomhaireachta Náisiúnta.

	gréasáin na Gníomhaireachta Náisiúnta freagraí.
Tíortha incháilithe	Ní mór d'iarratasóirí a bheith bunaithe i mBallstát de chuid an Aontais nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár.
Cén áit ar féidir iarratas a chur isteach?	Ní mór iarratais a chur faoi bhráid Gníomhaireacht Náisiúnta na tíre ina bhfuil an eagraíocht is iarratasóir bunaithe.
Sprioc- am chun iarratas a chur isteach	An 19 Deireadh Fómhair ar 12:00:00 (meán lae am na Buiséile)
Caighdeán cháilíochta Erasmus	Ní mór d'iarratasóirí ar chreidiúnú Erasmus suibscríobh do chaighdeán cháilíochta Erasmus mar atá ar shuíomh gréasáin Europa: https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/resources/documents/erasmus-quality-standards-mobility-projects-vet-adults-schools_ga Féadfar caighdeán cháilíochta Erasmus a thabhairt cothrom le dáta le linn thréimhse bhailíochta an chreidiúnúcháin. Sa chás sin, iarrfar ar na heagraíochtaí creidiúnaithe toiliú leis sin sular féidir leo iarratas a dhéanamh ar an gcéad deontas eile.
An líon iarratas	Is féidir le heagraíocht iarratas a dhéanamh uair amháin i ngach ceann de na trí réimse a chumhdaítear leis an nglao sin: an t-oideachas aosach, an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint, agus an t-oideachas scoile. Ní mór d'eagraíochtaí a dhéanann iarratas ar bhreis agus réimse amháin iarratais ar leithligh a chur isteach. Ní féidir le heagraíochtaí ag a bhfuil creidiúnú Erasmus cheana iarratas a dhéanamh ar chreidiúnú nua sa réimse céanna.
Cineálacha iarratas	Is féidir le hiarratasóirí iarratas a dhéanamh mar eagraíocht aonair nó mar chomhordaitheoir cuibhreannais soghluaisteachta. Ní féidir iarratas a dhéanamh ar an dá chineál creidiúnúcháin sa réimse céanna.
Creidiúnú Erasmus do chomhordaitheoirí cuibhreannais soghluaisteachta	Is éard is cuibhreannas soghluaisteachta ann grúpa eagraíochtaí ón tír chéanna ag a bhfuil gníomhaíochtaí soghluaisteachta á gcur chun feidhme mar chuid de Phlean Erasmus comhpháirteach. Tá gach cuibhreannas soghluaisteachta comhordaithe ag ceanneagraíocht amháin: comhordaitheoir cuibhreannais soghluaisteachta nach mór a bheith creidiúnaithe le creidiúnú Erasmus. Féadfaidh na comhordaitheoirí cuibhreannais soghluaisteachta féin gníomhaíochtaí a eagrú (mar an gcéanna le haon eagraíocht ag a bhfuil creidiúnú aonair), agus ina theannta sin is féidir leo deiseanna soghluaisteachta a sholáthar d'eagraíochtaí eile is comhaltaí ina gcuibhreannas. Níl gá le creidiúnú Erasmus do chomhaltaí cuibhreannais. Ceanglófar ar iarratasóirí ar chomhordaitheoirí cuibhreannais soghluaisteachta tuairisc a thabhairt ar chuspóir agus comhdhéanamh pleanáilte a gcuibhreannais san iarratas. Ní mór do gach eagraíocht phleanáilte is comhalta den chuibhreannas a bheith ón mBallstát céanna de chuid an Aontais nó ón tír chéanna nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár leis an gcomhordaitheoir cuibhreannais soghluaisteachta. Mar sin féin, níl gá le liosta beacht de chomhaltaí cuibhreannais ag an gcéim seo.

	Chun na critéir incháilitheachta atá i bhfeidhm maidir le baill cuibhreannais agus sonraí breise a fháil, féach an roinn maidir le tionscadail soghluaisteachta chreidiúnaithe.
Eagraíochtaí tacaíochta	Is éard atá in eagraíocht tacaíochta eagraíocht a chuidíonn le heagraíocht chreidiúnaithe i ngnéithe praiticiúla de thionscadal a chur chun feidhme, gnéithe nach mbaineann le cúraimí lárnacha tionscadail mar a shainmhínítear i gcaighdeáin cháilíochta Erasmus. Féadfaidh aon eagraíocht atá gníomhach i réimse an oideachais agus na hoiliúna a bheith ina heagraíocht tacaíochta. Ní mór ról agus oibleagáidí na n-eagraíochtaí tacaíochta a bheith sainithe go foirmiúil eatarthu féin agus an eagraíocht chreidiúnaithe. Gníomhaíonn an eagraíocht tacaíochta faoi mhaoirseacht na heagraíochta chreidiúnaithe, agus fanann an eagraíocht tairbhí freagrach as torthaí agus cáilíocht na ngníomhaíochtaí a cuireadh chun feidhme. Ní mór do na rannchuidithe uile de chuid eagraíochtaí tacaíochta a bheith i gcomhréir le caighdeáin cháilíochta Erasmus. I gcuibhreannas soghluaisteachta, déanfar eagraíochtaí atá ina mbaill den chuibhreannas a mheas mar eagraíochtaí tacaíochta má ghlacann siad, ar bhonn córasach, cúraimí atá nasctha le gníomhaíochtaí soghluaisteachta le haghaidh rannpháirtithe a oibríonn le nó a chláraigh in eagraíochtaí eile atá ina mbaill den chuibhreannas.

CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN

Ní mór d'iaratasóirí acmhainneacht oibríochtúil agus ghairmiúil leordhóthanach a bheith acu chun an Plean Erasmus a mholtar a chur chun feidhme, lena n-áirítear ar a laghad dhá bhliain de thaithí ábhartha a bheith acu i réimse an iarratais agus, i gcás comhordaitheoir cuibhreannais soghluaisteachta, acmhainneacht iomchuí chun an cuibhreannas a chomhordú.

Léigh **Cuid C den Treoir seo** chun breis eolais a fháil faoi na critéir ghinearálta maidir le hacmhainneacht oibríochtúil agus faoi na ceanglais shonracha sin d'iaratasóirí creidiúnúcháin.

CRITÉIR EISIAIMH

Ní mór d'iaratasóirí dearbhú sínithe ar a n-onóir a chur isteach á rá nach mbaineann aon cheann de na staideanna dá dtagraítear sna critéir eisiamh a liostaítear i **gCuid C den Treoir seo** leo, go bhfuil inneachar bunaidh scríofa ag an iaratasóir sa Phlean Erasmus a cuireadh isteach, agus nár íocadh aon eagraíocht ná duine aonair seachtrach eile as an iarratas a dhréachtú.

San am céanna, ceadaítear agus moltar do na hiarratasóirí comhairle beartais a iarraidh ó údaráis oideachais agus ó shaineolaithe oideachais ábhartha, nó dea-chleachtais a mhalartú le heagraíochtaí atá comhchosúil leo sin ag a bhfuil níos mó taithí in Erasmus+. Féadfaidh iaratasóirí ar chomhordaitheoir cuibhreannais soghluaisteachta dul i gcomhairle le comhaltaí cuibhreannais féideartha agus a n-iarratas á dhréachtú acu. Féadfaidh doiciméid straitéiseacha atá ábhartha dá bPlean Erasmus a bheith ina dtaca le hiarratas iaratasóirí, amhail straitéis um idirnáisiúnú nó straitéis arna forbairt ag a gcomhlachtaí maoirseachta nó comhordúcháin.

CRITÉIR DHÁMHACHTANA

Déanfar meastóireacht ar iarratais ar leithligh le haghaidh an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, an oideachais scoile agus an oideachais aosaigh. Déanfar measúnú ar cháilíocht na n-iarratas trí phointí as 100 ar an iomlán a shannadh, bunaithe ar na critéir agus na hualuithe thíos.

Le bheith curtha san áireamh le haghaidh dámhachtana, ní mór na tairseacha seo a leanas a bhaint amach leis na hiarratais:

- Ar a laghad 70 pointe as 100 pointe ar an iomlán, agus
- Ar a laghad leath na bpointí scóir uasta i ngach ceann de na ceithre chatagóir le haghaidh critéir dhámhachtana

Ábharthacht (scór uasta 10 pointe)	A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh: ▪ tá próifíl, taithí agus gníomhaíochtaí an iarratasóra chomh maith le spriocphobal na bhfoghlaimoirí ábhartha do réimse an iarratais, do chuspóirí chreidiúnaithe Erasmus, agus don chineál iarratais (eagraíocht aonair nó comhordaitheoir cuibhreannais) ▪ ina theannta sin, maidir le heagraíochtaí a dhéanann iarratas chun bheith ina gcomhordaitheoirí cuibhreannais creidiúnaithe: ○ tá próifíl chomhaltaí an chuibhreannais phleanáilte ábhartha i leith chríoch agus chuspóirí an chuibhreannais, mar a sainítear san iarratas, le haghaidh réimse an iarratais agus chuspóirí chreidiúnaithe Erasmus ○ le cruthú an chuibhreannais tugtar breislúach soiléir dá gcomhaltaí ó thaobh chuspóirí chreidiúnaithe Erasmus
Plean Erasmus: Cuspóirí (scór uasta 40 pointe)	A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh: ▪ tá an Plean Erasmus a mholtar i gcomhréir le cuspóirí chreidiúnaithe Erasmus ▪ i gcuspóirí an Phlean Erasmus a mholtar tugtar aghaidh ar riachtanais an iarratasóra, ar riachtanais a ball foirne agus ar riachtanais na bhfoghlaimoirí agus déantar amhlaidh ar bhealach atá soiléir agus coincreíteach ○ do chomhordaitheoirí cuibhreannais, tá feidhm leis na critéir sin maidir leis an gcuibhreannas phleanáilte ina iomláine agus éilítear go mbeidh cuspóirí Phlean Erasmus comtháite le cuspóir an chuibhreannais mar a shainítear san iarratas. ▪ tá cuspóirí an Phlean Erasmus a mholtar agus a n-uainiú réalaíoch agus sách uailmhianach chun tionchar dearfach a imirt ar an eagraíocht (nó ar an gcuibhreannas). ▪ tá na bearta a mholtar chun dul chun cinn chuspóirí Phlean Erasmus a rianú, agus meastóireacht a dhéanamh orthu, iomchuí agus coincreíteach ▪ má chuireann an t-iarratasóir doiciméid straitéiseacha i gceangal leis an iarratas: tá míniú soiléir ar an nasc idir an Plean Erasmus a mholtar agus na doiciméid a áirítear
Plean Erasmus: Gníomhaíochtaí (scór uasta 20 pointe)	A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh: ▪ tá an líon beartaithe rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí soghluaisteachta i gcomhréir le méid agus taithí na heagraíochta is iarratasóir ○ maidir le comhordaitheoirí cuibhreannais, cuirfear méid phleanáilte an chuibhreannais san áireamh ▪ tá an líon beartaithe rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí soghluaisteachta réalaíoch agus iomchuí le haghaidh na gcuspóirí a leagtar amach sa Phlean Erasmus ▪ tá próifíl na rannpháirtithe phleanáilte ábhartha i leith réimse an iarratais, an Phlean Erasmus a mholtar, agus chuspóirí chreidiúnaithe Erasmus ▪ i gcás inarb ábhartha agus má tá sé phleanáilte ag an iarratasóir gníomhaíochtaí soghluaisteachta a eagrú le haghaidh foghlaimoirí: rannpháirtíocht rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu
Plean Erasmus: Bainistíocht	A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh: ▪ tá bealaí nithiúla molta ag an iarratasóir chun rannchuidiú le bunphrionsabail chreidiúnú Erasmus ar a bhfuil tuairisc i gcaighdeán cháilíochta Erasmus

(scór uasta 30 pointe)	▪ tá leithdháileadh soiléir agus iomlán cúraimí molta ag an iarratasóir i gcomhréir le caighdeán cháilíochta Erasmus ▪ tá acmhainní iomchuí leithdháilte ag an iarratasóir chun gníomhaíochtaí an chláir a bhainistiú i gcomhréir le caighdeán cháilíochta Erasmus ▪ tá rannpháirtíocht iomchuí ann ar leibhéal bainistíochta na heagraíochta ▪ sainíodh bearta iomchuí chun leanúnachas ghníomhaíochtaí an chláir a áirithiú i gcás athruithe i mbaill foirne nó bainistíocht na heagraíochta is iarratasóir ▪ tá bearta nithiúla agus loighciúla molta ag an iarratasóir chun torthaí na ngníomhaíochtaí soghluaisteachta a lánpháirtiú in obair thráthrialta na heagraíochta ○ do chomhordaitheoirí cuibhreannais, tá feidhm leis na critéir sin maidir leis an gcuibhreannas pleanáilte ina iomláine
-------------------------------	---

AN LÍON UASTA CREIDIÚNUIHE ERASMUS A DHÁMHTAR

I dtíortha ina bhfuil an-suim léirithe i gcreidiúnuithe Erasmus, féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta líon uasta creidiúnuithe a shocrú lena dhámhachtain. Déanfar an cinneadh ar leithligh le haghaidh gach ceann de na trí réimse agus foilseofar ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Náisiúnta é i dteannta an Ghlaio seo.

- Mura socraíonn an Ghníomhaireacht Náisiúnta líon uasta creidiúnuithe formheasta le haghaidh réimse ar leith, formheasfar gach iarratas lena gcomhlíontar na critéir íosta a shocraítear sa Ghlaio seo.
- Má shocraíonn an Ghníomhaireacht Náisiúnta líon uasta creidiúnuithe formheasta le haghaidh réimse ar leith, bunófar liosta rangaithe d'iarratais lena gcomhlíontar na critéir íosta. Déanfar iarratais a dhámhachtain ag tosú ón iarratas scórála is airde go dtí go mbainfear amach an líon uasta creidiúnuithe a dhámhtar. Maidir le breis agus iarratas amháin, i gcás ina mbeidh an líon céanna pointí acu leis an gceann deiridh atá le dhámhachtain, déanfar an líon uasta creidiúnuithe a dhámhtar a mhéadú chun gach iarratas ag a bhfuil an líon pointí sin a áireamh.

BAILÍOCHT

Tosóidh bailíocht chreidiúnuithe Erasmus a dhámhtar faoin nglao ar thograí seo ar an 1 Feabhra 2024 agus leanfaidh sé a bheith bailí feadh na clárthréimhse go dtí 2027. Chun pleanáil réalaíoch a áirithiú, leis an bPlean Erasmus a chuirfear isteach, cumhdófar tréimhse is giorra ná 2 bhliain go 5 bliana, agus tabharfar cothrom le dáta é go tréimhsiúil.

I gcás ina n-éilítear creidiúnú Erasmus le haghaidh rannpháirtíocht in aon ghníomhaíocht tar éis dheireadh na clárthréimhse 2021- 2027, féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta bailíocht an chreidiúnaithe a fhadú faoi choinníollacha arna sainiú ag an gCoimisiún Eorpach. I bhfianaise na féidearthachta sin, féadfaidh na hiarratasóirí Pleananna Erasmus a shíneann níos faide ná 2027 a chur isteach.

Féadfar an creidiúnú a fhoirceannadh aon tráth i gcás ina scoireann an eagraíocht de bheith ann nó le comhaontú na Gníomhaireachta Náisiúnta agus na heagraíochta creidiúnaithe. Féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta an creidiúnú a fhoirceannadh go haontaobhach faoi na coinníollacha ar a dtugtar tuairisc faoi 'Tuairisciú, monatóireacht agus dearbhú cáilíochta'. Ní fhéadfar an creidiúnú atá ag an eagraíocht chreidiúnaithe a fhoirceannadh go haontaobhach ach amháin murar úsáideadh an creidiúnú le linn 3 bliana as a chéile ar a laghad chun iarratais a chur isteach le haghaidh tionscadail soghluaisteachta chreidiúnaithe.

TUAIRISCIÚ, MONATÓIREACTH AND DEARBHÚ CÁILÍOCHTA

Tuarascálacha deiridh i ndeireadh gach comhaontaithe deontais	I ndeireadh gach comhaontaithe deiridh arna fhormheas faoi chreidiúnú Erasmus, cuirfidh an eagraíocht chreidiúnaithe tuarascáil deiridh faoi na gníomhaíochtaí agus na spriocanna a soláthraíodh isteach, mar a shonraítear sa chomhaontú deontais is infheidhme.
Tuarascálacha creidiúnúcháin ar an dul chun cinn	Bunaithe ar inneachar an Phlean Erasmus fhormheasta, agus ar a laghad uair amháin i rith tréimhse 5 bliana, ceanglófar ar eagraíochtaí creidiúnaithe an méid seo a leanas a dhéanamh: – tuairisciú ar conas a d’áirithigh siad go n-urramófar caighdeán cháilíochta Erasmus – tuairisciú ar dhul chun cinn a gcuspóirí maidir lena bPlean Erasmus – a bPlean Erasmus a thabhairt cothrom le dáta Féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta cinneadh tuarascáil ar dhul chun cinn a iarraidh maidir leis na gnéithe éagsúla a liostaítear thuas san am céanna, nó ar leithligh. Féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta cinneadh cuairt monatóireachta struchtúrtha a chur in ionad aon tuarascáil chreidiúnúcháin ar dhul chun cinn. Bunaithe ar fheidhmíocht na heagraíochta creidiúnaithe de réir thorthaí tuairiscithe, monatóireachta agus seiceálacha dearbhaithe cáilíochta, nó de bharr athruithe suntasacha san eagraíocht, féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta líon agus sceideal na dtuarascálacha ar dhul chun cinn a athrú. Ina theannta sin, féadfaidh eagraíochtaí creidiúnaithe iarraidh go deonach a bPlean Erasmus a thabhairt cothrom le dáta. Bunaithe ar réasúnaíocht na heagraíochta, cinnfidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta an bhfuil údar lena thabhairt cothrom le dáta. Má thugtar Plean Erasmus cothrom le dáta, is féidir go n-áireofar iarraidh ann chun athrú ó chreidiúnú eagraíochta aonair chuig creidiúnú do chomhordaitheoir cuibhreannais soghluaisteachta, nó a mhalairt.
Faireachán agus seiceálacha	Féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta seiceálacha foirmiúla, cuairteanna monatóireachta nó gníomhaíochtaí eile a eagrú chun dul chun cinn agus feidhmíocht eagraíochtaí creidiúnaithe a rianú, a áirithiú go n-urramófar na caighdeán cháilíochta chomhaontaithe, agus tacaíocht a sholáthar. Féadfaidh seiceálacha foirmiúla a bheith i bhfoirm seiceálacha deisce nó cuairteanna a thabhairt ar an eagraíocht chreidiúnaithe, ar chomhaltaí cuibhreannais, ar eagraíochtaí tacaíochta, agus ar aon áitreabh eile ina réachtáiltear gníomhaíochtaí ábhartha. Féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta cúnamh a iarraidh ó Ghníomhaireachtaí Náisiúnta i dtíortha eile chun gníomhaíochtaí a réachtáiltear iontu a sheiceáil agus monatóireacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí sin.

I ndiaidh tuarascáil nó gníomhaíocht monatóireachta, soláthróidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta aiseolas don eagraíocht chreidiúnaithe. Ina theannta sin féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta teoracha éigeantacha nó comhairleacha a sholáthar don eagraíocht chreidiúnaithe faoi conas a feidhmíocht a fheabhsú.

I gcás iarratasóirí nuachreidiúnaithe nó eagraíochtaí ardriosca, nó i gcás mainneachtain treoracha agus sprioc-amanna na Gníomhaireachta a chomhlíonadh, feidhmíocht an-íseal de réir tuairisciú, monatóireacht agus seiceálacha dearbhaithe cáilíochta, nó sárúithe ar rialacha an Chláir (lena n-áirítear i ngníomhaíocht eile), féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta na bearta feabhais seo a leanas a dhéanamh:

- Barúil: féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta teorainn a chur leis an leibhéal cistiúcháin ar ar féidir an eagraíocht chreidiúnaithe iarratas a dhéanamh i ngníomhaíochtaí ina n-éilítear creidiúnú Erasmus.
Féadfar eagraíochtaí nuachreidiúnaithe a chur faoi bhreathnú má shainaithnítear riosca cur chun feidhme ísealcháilíochta, nó má chuireann measúnóirí an iarratais laigí tromchúiseacha in iúl sa Phlean Erasmus de chuid an iarratasóra.
- Fionraí: ní fhéadfaidh eagraíochtaí a chuirtear ar fionraí iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú i ngníomhaíochtaí ina n-éilítear creidiúnú Erasmus. Féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta roinnt comhaontuithe deontais leanúnacha nó iad uile arna ndámhachtain faoin gcreidiúnú a chuirtear ar fionraí a fhoirceannadh.

Leanfar den tréimhse bhreathnóireachta nó fionraíochta go dtí go gcinneadh an Ghníomhaireacht Náisiúnta go bhfuil na coinníollacha agus na ceanglais cháilíochta a leagtar amach sa Ghlaó seo comhlíonta athuair, agus go dtí go mbeidh aghaidh tugtha athuair ag an eagraíocht chreidiúnaithe ar an riosca ísealfheidhmíochta.

Ní fhéadfaidh eagraíochtaí faoi fhionraí ná faoi bhreathnú iarratas a dhéanamh ar chreidiúnú nua sa réimse céanna.

I gcás ina leantar de bheith ag comhlíonadh threoracha agus sprioc-amanna na Gníomhaireachta Náisiúnta, i gcás feidhmíocht an-íseal, nó i gcás sárúithe atriallacha nó suntasacha ar rialacha an Chláir (lena n-áirítear i ngníomhaíocht eile), féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta an creidiúnú a fhoirceannadh.

AITHEANTAS BARR FEABHAIS

Aithneofar na heagraíochtaí creidiúnaithe is feidhmiúla trí lipéid barr feabhais a dhámhachtain.

Mar chuid den Ghlaó seo, dámhfar lipéad barr feabhais ar gach eagraíocht incháilithe a bhain amach meánscore 85 phointe ar a laghad sa mheastóireacht ar a dhá thuarascáil chríochnaitheacha deiridh do thionscadail soghluaisteachta chreidiúnaithe (cuirfear tionscadail a cuireadh i gcrích faoi chairt soghluaisteachta VET roimhe seo le linn chlárthréimhse Erasmus+ 2014-2020 san áireamh le haghaidh eagraíochtaí VET a rinneadh a athchreidiúnú tríd an nós imeachta roghnúcháin éadrom faoi ghlaó 2020 ar thograí).

Beidh lipéid feabhais a dhámhtar bailí ar feadh 3 bliana.

SOGLUAISTEACHT LE HAGHAIDH FOGHLAIMEOIRÍ AGUS BAILL FOIRNE SA GHAIRMOIDEACHAS AGUS SA GHAIRMOILIÚINT

Leis an ngníomhaíocht seo tacaítear le soláthraithe an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna agus le heagraíochtaí eile atá gníomhach sa réimse sin ar mian leo gníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlama a eagrú le haghaidh fhoghlaimeoirí agus bhaill foirne an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna.

Tacaítear le réimse leathan gníomhaíochtaí, lena n-áirítear an scáthfhoghlaim agus cúrsaí forbartha gairmiúla do bhaill foirne, cúrsaí oiliúna agus socrúcháin fhadtéarmacha (ErasmusPro), saineolaithe dá dtugtar cuireadh, agus gníomhaíochtaí eile mar a mhínítear thíos.

Ba cheart do na heagraíochtaí rannpháirteacha **an cuimsiú agus an éagsúlacht, an inbhuaine comhshaoil agus an t-oideachas digiteach** a chur chun cinn go gníomhach trína ngníomhaíochtaí: ag úsáid na ndeiseanna cistiúcháin sonracha dá bhforáiltear leis an gclár chun na gcríoch sin, trí fheasacht a ardú i measc a rannpháirtithe, trí dhea-chleachtais a chomhroinnt, agus trí dhearadh iomchuí a roghnú le haghaidh a ngníomhaíochtaí.

CUSPÓIRÍ NA GNÍOMHAÍOCHTA

Is é is cuspóir do ghníomhaíochtaí soghluaisteachta arna maoiniú le Erasmus+, deiseanna foghlama a sholáthar do dhaoine aonair agus tacú le hidirnáisiúnú agus forbairt institiúide soláthraithe an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna agus eagraíochtaí eile atá gníomhach sa réimse céanna. Leis an ngníomhaíocht tacófar le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint agus Dhearbhú Osnabrück⁵⁸, agus an Chláir Oibre Eorpaigh do Scileanna⁵⁹. Bhí sí ina rannchuidiú freisin le Limistéar Eorpach Oideachais a chruthú. Go sonrach, is iad cuspóirí na gníomhaíochta seo:

Cáilíocht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna tosaigh agus leanúnaí (IVET agus CVET) a mhéadú san Eoraip tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- príomhinniúlachtaí agus scileanna trasnaí a neartú, go háirithe foghlaim teangacha agus scileanna digiteacha
- tacú le forbairt scileanna a bhaineann go sonrach le post agus a bhfuil gá leo sa mhargadh saothair atá ann agus a bheidh ann amach anseo
- dea-chleachtais a chomhroinnt agus úsáid modhanna agus teicneolaíochtaí nua, nuálacha agus oideolaíocha a chur chun cinn, agus tacú le forbairt ghairmiúil múinteoirí, oiliúnóirí, meantóirí agus ball foirne eile sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint
- acmhainneacht soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna a fhothú chun tionscadail soghluaisteachta ardcháilíochta a chur i gcrích, agus cur lena gcumas comhpháirtíochtaí ardcháilíochta a dhéanamh agus forbairt á déanamh ar a straitéis um idirnáisiúnú
- féachaint chuige go mbeidh an tsoghluaisteacht ina féidearthacht réalaíoch d'aon fhoghlaimeoir sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint tosaigh agus sa ghairmoideachas agus gairmoiliúint leanúnach, agus an

⁵⁸ https://www.cedefop.europa.eu/files/osnabrueck_declaration_eu2020.pdf

⁵⁹ <https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1223&langId=ga>

meánfhad soghluaisteachta d'fhoghlaimoirí sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint a mhéadú chun cáilíocht agus tionchar na soghluaisteachta a mhéadú

- cáilíocht, trédhearcacht agus aithint thorthaí foghlama na dtréimhsí soghluaisteachta ar an gcoigríoch a chothú, go háirithe trí uirlisí agus ionstraimí Eorpacha a úsáid⁶⁰.

An éirim Eorpach maidir leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim a neartú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- luachanna an chuimsithe agus na héagsúlachta, na caoinfhulaingthe, agus na rannpháirtíochta daonlathaí a chur chun cinn
- eolas faoi oidhreacht agus éagsúlacht chomhroinnte na hEorpa a chur chun cinn
- tacú le forbairt líonraí gairmiúla ar fud na hEorpa

CONAS TEACHT AR DHEISEANNA SOGHLUAISTEACHTA ERASMUS+?

Féadfaidh soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna atá gníomhach sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú ar dhá bhealach:

- **Le tionscadail ghearrthéarmacha le haghaidh soghluaisteacht foghlaimoirí agus ball foirne** – soláthraítear deis d'iarratasóirí gníomhaíochtaí soghluaisteachta éagsúla a eagrú thar thréimhse 6 mhí go 18 mí. Tá tionscadail ghearrthéarmacha ar an rogha is fearr le haghaidh eagraíochtaí atá ag cur isteach ar Erasmus+ den chéad uair, nó dóibh sin nach mian leo ach líon teoranta gníomhaíochtaí a eagrú.
- **Tionscadail chreidiúnaithe le haghaidh soghluaisteacht foghlaimoirí agus ball foirne** – níl na tionscadail sin oscailte ach amháin d'eagraíochtaí a bhfuil creidiúnú Erasmus i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna acu. Leis an snáithe cistiúcháin speisialta sin is féidir le heagraíochtaí creidiúnaithe maoiniú a fháil go tráthrialta le haghaidh gníomhaíochtaí soghluaisteachta lena rannchuidítear lena bPlean Erasmus a chur chun feidhme de réir a chéile. Tá creidiúnuithe Erasmus oscailte do gach eagraíocht ar mian léi gníomhaíochtaí soghluaisteachta a eagrú ar bhonn tráthrialta. Ní gá taithí a fháil sa chlár roimh ré chun iarratas a dhéanamh. Chun breis faisnéise a fháil faoin deis seo, léigh an chaibidil den treoir seo maidir le creidiúnú Erasmus i réimsí an oideachais aosaigh, an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, agus an oideachais scoile.

Ina theannta sin, is féidir le heagraíochtaí dul i bpáirt leis an gclár gan iarratas a chur isteach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- **Dul i bpáirt le cuibhreannas soghluaisteachta Erasmus+ atá ann cheana** faoi stiúir comhordaitheoir cuibhreannais creidiúnaithe ina dtír mar a bhfuiltear ag glacadh le comhaltaí nua ina gcuibhreannas.
- **Rannpháirtithe ó thíre eile a óstáil:** is féidir le haon eagraíocht a bheith ina hóstach ar fhoghlaimoirí nó ar bhaill foirne a thagann ó eagraíocht chomhpháirtíochta ar an gcoigríoch. Is luachmhar an t-eispéireas é a bheith mar ósteagraíocht agus is maith an bealach é le tuilleadh a fhoghlaim faoin gclár roimh iarratas a dhéanamh air tú féin.

Moltar do sholáthraithe VET dul i bpáirt in ardáin Eorpacha ar líne, cuir i gcás, EPALE agus Ríomhnascadh. Soláthraíonn EPALE deis chun nascadh le comhghleacaithe ar fud na hEorpa agus foghlaim uathu, trína phostálacha blog, a fhóram, an

⁶⁰ Meabhrán Tuisceana agus Comhaontuithe Foghlama.

uirilis Cuardaigh Comhpháirtí; is féidir Pobail cleachtais a chruthú leis, ábhar foghlama a aimsiú agus freastal ar imeachtaí. Tá [Pobal de chleachtóirí Eorpacha VET](#) le fáil air freisin, is spás é sin le haghaidh múinteoirí, oiliúnóirí, teagascóirí ionchuideachta VET chun comhoibriú lena chéile agus a bheith ar an eolas faoi thionscnaimh Eorpacha. Pobal ar líne atá á óstáil ar ardán atá slán agus inrochtana do mhúinteoirí agus foireann scoile atá fíoraithe leis an eagraíocht tacaíochta Ríomhnasctha náisiúnta. Le Ríomhnascadh is féidir le soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna seomraí ranga fíorúla comhpháirteacha a chur ar bun agus tionscadail a chur i gcrích le soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna eile agus le heagraíochtaí comhpháirtíochta eile (is é sin, cuideachtaí óstacha), is féidir le múinteoirí agus le hoiliúnóirí plé agus malartú a dhéanamh le comhghleacaithe agus a bheith rannpháirteach i réimse deiseanna forbartha gairmiúla. Tá an Ríomhnascadh ar an timpeallacht is fearr freisin chun comhpháirtithe a aimsiú le haghaidh tionscadail amach anseo.

TIONSCADAL A BHUNÚ

Is í an eagraíocht is iarratasóir an príomhghníomhaí i dtionscadal de chuid Phríomhghníomhaíocht 1. Déanann an t-iarratasóir an t-iarratas a dhréachtú agus a chur isteach, an comhaontú deontais a shíniú, na gníomhaíochtaí soghluaisteachta a chur chun feidhme, agus tuairiscíonn an duine sin don Ghníomhaireacht Náisiúnta freisin. Tá an próiseas iarratais maidir le tionscadail ghearrthéarmacha agus creidiúnú Erasmus araon dírithe ar riachtanais agus pleananna na heagraíochta is iarratasóir.

D'fhéadfadh gníomhaíochtaí soghluaisteachta i dtionscadal soghluaisteachta a bheith ina ngníomhaíochtaí isteach nó amach. Tá an chuid is mó de na cineálacha gníomhaíochtaí atá ar fáil ina ngníomhaíochtaí soghluaisteachta amach. Ciallaíonn sin go ngníomhóidh an eagraíocht is iarratasóir mar eagraíocht seolta: déanfaidh sí rannpháirtithe a roghnú agus a sheoladh chuig ósteagraíocht ar an gcoigríoch. Ina theannta sin, is ann do chineálacha speisialta gníomhaíochtaí isteach lena bhféidir le heagraíochtaí is iarratasóirí cuireadh a thabhairt do shaineolaithe nó do mhúinteoirí agus d'oideoirí faoi oiliúint chuig a n-eagraíocht. Ní hé is cuspóir do ghníomhaíochtaí isteach malartuithe dhá threo a chruthú ach is é is cuspóir dóibh daoine a thabhairt isteach ar féidir leo cabhrú leis an eagraíocht is iarratasóir a fhorbairt agus a idirnáisiúnú.

Agus gach gníomhaíocht lena dtacaítear faoin nGníomhaíocht seo á cur chun feidhme, ní mór caighdeán cháilíochta Erasmus a leanúint. Le caighdeán cháilíochta Erasmus cumhdaítear cleachtais nithiúla maidir le cur chun feidhme le haghaidh cúraimí tionscadail amhail roghnú agus ullmhú rannpháirtithe, sainiú, meastóireacht agus aithint torthaí foghlama, comhroinnt torthaí tionscadail, srl. Chun téacs iomlán chaighdeán cháilíochta Erasmus a léamh, téigh chuig an nasc seo a leanas ar shuíomh gréasáin Europa: https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/resources/documents/erasmus-quality-standards-mobility-projects-vet-adults-schools_ga

Gnéithe cothrománacha

Ba cheart do gach tionscadal soghluaisteachta na gnéithe seo a leanas atá comhchoiteann maidir leis an gclár iomlán Erasmus+ a chomhtháthú:

An cuimsiú agus an éagsúlacht

I gcomhréir le caighdeán cháilíochta Erasmus, ní mór d'eagraíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón gclár a áirithiú go dtairgfidh siad deiseanna soghluaisteachta ar bhealach cuimsitheach agus cothrom do rannpháirtithe ó gach cúlra. Le roghnú na bhfoghlaimoirí a ghlacfaidh páirt i ngníomhaíochtaí tionscadail, ba cheart príomhfhachtóirí a chur san áireamh amhail spreagadh, fiúntas, chomh maith le forbairt phearsanta agus riachtanais foghlama na rannpháirtithe. Ar an mbealach céanna, le roghnú na mball foirne is rannpháirtithe ba cheart a áirithiú go mbeidh tairbhí a bhforbartha pearsanta ar fáil le haghaidh gach foghlaimora san eagraíocht.

Le linn gníomhaíochtaí soghluaisteachta a ullmhú, a chur chun feidhme agus obair leantach a dhéanamh orthu, ba cheart do na heagraíochtaí seolta agus ósteagraíochtaí páirt a thabhairt do na rannpháirtithe i bpríomhchinntí chun an oiread tairbhí agus tionchair agus is féidir a áirithiú le haghaidh gach rannpháirtí.

Moltar do thairbhíthe agus d’eagraíochtaí rannpháirteacha eile a sholáthraíonn an t-oideachas agus an oiliúint deiseanna soghluaisteachta a chruthú agus a éascú go gníomhach, mar shampla trí dheiseanna soghluaisteachta a bhunú ina bhféilire acadúil agus céimeanna ath- lánpháirtíochta a shainiú do rannpháirtithe a fhilleann.

Cleachtais atá inbhuanaithe agus freagrach ó thaobh an chomhshaoil de

I gcomhréir le caighdeáin cháilíochta Erasmus, ní mór d’eagraíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón gclár iompar atá inbhuanaithe agus freagrach ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn i measc na rannpháirtithe, agus feasacht á múscailt faoin tábhacht a bhaineann le gníomhú chun lorg comhshaoil gníomhaíochtaí soghluaisteachta a laghdú nó a chúiteamh. Ba cheart na prionsabail sin a léiriú in ullmhú agus cur chun feidhme gach gníomhaíochta de chuid an chlár, go háirithe trí thacaíocht cistiúcháin shonrach a úsáid, rud a sholáthraítear leis an gclár chun modhanna inbhuanaithe taistil a chur chun cinn. Ba cheart d’eagraíochtaí a sholáthraíonn an t-oideachas agus an oiliúint na prionsabail sin a lánpháirtiú ina n-obair laethúil, agus ba cheart dóibh athrú meoin agus iompair a chur chun cinn go gníomhach i measc na bhfoghlaimoirí agus na mball foirne.

An claochlú digiteach in oideachas agus oiliúint

I gcomhréir le caighdeáin cháilíochta Erasmus, leis an gClár tacaítear le gach eagraíocht rannpháirteach úsáid uirlisí agus modhanna foghlama digiteacha a ionchorprú chun a ngníomhaíochtaí fisiceacha a chomhlánú, chun feabhas a chur ar an gcomhar idir eagraíochtaí comhpháirteacha, agus chun feabhas a chur ar cháilíocht a bhfoghlama agus a dteagaisc. Ba cheart do na hinstiitíúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna feasacht a mhúscailt freisin i measc a bhfoghlaimoirí faoi dheiseanna laistigh den chlár chun scileanna digiteacha ábhartha a fháil agus a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear Cúrsaí Oiliúna sa Deis Dhigiteach d’fhoghlaimoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna agus do chéimithe nua⁶¹. Ina theannta sin, féadfaidh rannpháirtithe tairbhí de Chúrsaí Oiliúna sa Deis Dhigiteach: gníomhaíochtaí soghluaisteachta a ligean dóibh scileanna digiteacha a fháil agus a n-inniúlacht chun oiliúint, múineadh agus cúraimí eile a dhéanamh le cúnamh ó uirlisí digiteacha. Féadfar gníomhaíochtaí den sórt sin a eagrú le haon cheann de na formáidí soghluaisteachta do bhaill foirne atá ar fáil.

Rannpháirtíocht sa saol daonlathach

Is é is aidhm don chlár cuidiú leis na rannpháirtithe teacht ar na tairbhíthe a bhaineann leis an tsaoránacht agus leis an rannpháirtíocht ghníomhach sa saol daonlathach. Ba cheart do ghníomhaíochtaí soghluaisteachta a fhaigheann tacaíocht scileanna rannpháirtíochta a threisiú i réimsí éagsúla den tsochaí shibhialta, agus i bhforbairt inniúlachtaí sóisialta agus idirchultúrtha, na smaointeoireachta criticiúla agus na litearthachta sna meáin. Aon uair is féidir, le tionscadail ba cheart deiseanna a thairiscint do dhaoine a bheith rannpháirteach sa saol daonlathach chomh maith le deiseanna le haghaidh rannpháirtíocht saoránach agus shóisialta trí ghníomhaíochtaí foghlama foirmiúla nó neamhfhoirmiúla. Tuiscint

⁶¹ Aon soghluaisteacht foghlaimoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna, measfar gur ‘Cúrsaí oiliúna sa Deis Dhigiteach’ í nuair a dhéanann an t-oiliúnaí ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas: an mhargaíocht dhigiteach (mar shampla bainistíocht na meán sóisialta, anailísíocht gréasáin); deardh digiteach, grafach, meicniúil nó ailtireachta; forbairt aipeanna, bunachar sonraí, scrípteanna, nó suíomhanna gréasáin; córais agus líonraí TF a shuiteáil, a chothabháil agus a bhainistiú; an chibearshlándáil; anailísíocht sonraí, an mhianadóireacht agus léirshamlú; róbaít agus feidhmchláir intleachta saorga a ríomhchlárú agus oiliúint a chur orthu. Ní mheastar go bhfuil tacaíocht custaiméara chineálach, comhlíonadh orduithe, iontráil sonraí ná cúraimí oifige sa chatagóir seo.

rannpháirtithe ar an Aontas Eorpach agus ar chomhluachanna Eorpacha, agus meas ar phrionsabail dhaonlathacha, dínit an duine, an aontacht agus an éagsúlacht, idirphlé idirchultúrtha, chomh maith le hoidhreacht shóisialta, chultúrtha agus stairiúil Eorpach san áireamh, ba cheart tuiscint na rannpháirtithe ar na gnéithe sin a fheabhsú trí rannpháirtíocht sna soghluaisteachtaí.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Sa roinn seo léirítear an cineál gníomhaíochtaí lenar féidir tacú le cistí Erasmus+, mar chuid de thionscadail ghearrthéarmacha agus de thionscadail chreidiúnaithe araon.

Le haghaidh aon ghníomhaíocht, is féidir tacaíocht bhreise a sholáthar do dhaoine a thionlacann rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu, mionaoisigh, nó daoine fásta óga nach mór maoirseacht a dhéanamh orthu. Is féidir tacú le daoine tionlacain ar feadh fhad iomlán na gníomhaíochta nó ar feadh cuid de sin.

Gníomhaíochtaí incháilithe	▪ An scáthfhoghlaím (2 go 60 lá) ▪ Tascanna teagaisc nó oiliúna (2 go 365 lá) ▪ Cúrsaí agus oiliúint (2 go 30 lá, uasmhéid de tháillí le haghaidh 10 lá cúrsa in aghaidh an rannpháirtí) I dteannta na soghluaisteachta fisicí, is féidir gach gníomhaíocht soghluaisteachta ball foirne a chumasc le gníomhaíochtaí fíorúla. Tá feidhm leis na faid íosta agus uasta a shonraítear thuas maidir leis an gcomhchuid soghluaisteachta fisicí. Scáthfhoghlaím: féadfaidh rannpháirtithe tréimhse a chaitheamh ag ósteagraíocht i dtír eile agus is é is cuspóir don fhoghlaím cleachtais nua a fhoghlaim agus smaointe nua a bhailiú trí bhreathnóireacht agus idirphlé le piaraí, saineolaithe nó cleachtóirí eile ina n-obair laethúil ag an ósteagraíocht. Tascanna teagaisc nó oiliúna: féadfaidh rannpháirtithe tréimhse teagaisc nó tréimhse ina gcuireann siad oiliúint ar fáil d'fhoghlaimoirí a chaitheamh ag ósteagraíocht i dtír eile, mar bhealach chun foghlaim trína gcúraimí a chur i gcrích agus malartú le piaraí. Cúrsaí agus oiliúint: féadfaidh rannpháirtithe tairbhiú de chúrsa struchtúrtha nó d'oiliúint den chineál sin a sholáthraíonn gairmithe cáilithe agus bunaithe ar chlár foghlama agus torthaí foghlama réamhshainithe. Ní mór do rannpháirtithe ó 2 thír éagsúla ar a laghad a bheith rannpháirteach san oiliúint agus ní mór ligean do rannpháirtithe idirghníomhú le foghlaimoirí eile agus leis na hoiliúnóirí san oiliúint sin. Ní thacaítear le gníomhaíochtaí atá go hiomlán neamhghníomhach, cuir i gcás, ag éisteacht le léachtanna, óráidí nó le comhdhálacha móra. Ba cheart d'iarratasóirí a bheith feasach go bhfuil gach soláthraí cúrsa go hiomlán neamhspleách ón gclár Erasmus+ agus go ngníomhaíonn siad mar sholáthraithe seirbhíse ar mhargadh saor. Is freagracht de chuid na heagraíochta is tairbhí í an rogha cúrsaí agus oiliúna dá bhrí sin. Tá na caighdeáin cháilíochta seo a leanas ar fáil mar thacaíocht chun na hiarrthóirí a threorú agus rogha á déanamh acu: https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/resources/quality-standards-courses-under-key-action-1-learning-mobility-individuals_ga
Rannpháirtithe incháilithe	Rannpháirtithe incháilithe lena n-áirítear múinteoirí, oiliúnóirí, agus gach saineolaí agus ball eile den fhoireann nach mbíonn i mbun teagaisc agus a oibríonn sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint tosaigh agus sa ghairmoideachas agus gairmoiliúint leanúnach (iVET agus cVET). Áirítear sna baill foirne incháilithe nach mbíonn i mbun teagaisc baill foirne a oibríonn sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint tosaigh agus sa ghairmoideachas agus gairmoiliúint leanúnach, cibé acu mar sholáthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna (mar bhaill foirne bainistíochta, oifigigh soghluaisteachta idirnáisiúnta, srl.) nó in eagraíochtaí eile atá gníomhach sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint (mar shampla oiliúnóirí i gcuideachtaí comhpháirtíochta áitiúla, comhairleoirí, comhordaitheoirí beartais atá i gceannas ar an ngairmoideachas agus ar an ngairmoiliúint, srl.). Ní mór do rannpháirtithe a bheith ag obair san eagraíocht seolta, nó ní mór dóibh a bheith ag

	obair go tráthrialta leis an eagraíocht seolta chun cuidiú le cur chun feidhme phríomhghníomhaíochtaí na heagraíochta (mar shampla mar oiliúnóirí seachtracha agus ionchuideachta, mar shaineolaithe, nó mar oibreoirí deonacha). I ngach cás, ní mór na cúraimí lena nasctar an rannpháirtí leis an eagraíocht seolta a dhoiciméadú ar bhealach lenar féidir leis an nGníomhaireacht Náisiúnta an nasc sin a fhíorú (mar shampla le conradh oibre nó oibre deonaí, tuairisc ar an gcúram, nó doiciméad comhchosúil). Bunóidh na Gníomhaireachtaí Náisiúnta cleachtas trédhearcach agus comhsheasmhach maidir lena bhfuil i gceist le caidrimh oibre agus doiciméid tacaíochta atá inghlactha ina gcomhthéacs náisiúnta.
Ionaid incháilithe	Ní mór gníomhaíochtaí a réachtáil ar an gcoigríoch, i mBallstát de chuid an Aontais nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Ina theannta sin, is féidir le heagraíochtaí a bhfuil creidiúnú Erasmus acu rannpháirtithe a sheoladh chuig tíortha comhpháirtíochta le dul i mbun na scáthfhoghlaime agus tascanna teagaisc nó oiliúna i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár (Réigiúin 1-14 mar a shonraítear i gCuid A: Tíortha incháilithe).

SOGHLUAISTEACHT FOGHLAIMEOIRÍ

Gníomhaíochtaí incháilithe	▪ Rannpháirtíocht i gcomórtais scileanna gairmoideachais agus gairmoiliúna (1 go 10 lá) ▪ Soghluaisteacht foghlama ghearrthéarmach d'fhoghlaimeoirí sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint (10 go 89 lá) ▪ Soghluaisteacht foghlama fhadtéarmach foghlaimeoirí sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint (ErasmusPro) (90 go 365 lá) I dteannta na soghluaisteachta fisicí, is féidir gach gníomhaíocht soghluaisteachta foghlaimeoirí a chumasc le gníomhaíochtaí fíorúla. Tá feidhm leis na faid íosta agus uasta a shonraítear thuas maidir leis an gcomhchuid soghluaisteachta fisicí. Rannpháirtíocht i gcomórtais scileanna gairmoideachais agus gairmoiliúna: Féadfaidh foghlaimeoirí VET a bheith rannpháirteach in imeachtaí earnála idirnáisiúnta ina bhfuil léiriú iomaíoch ar scileanna bunriachtanach chun taithí, fios gnó agus nuálaíochtaí teicneolaíochta in VET a chur chun cinn, a aithint agus a mhalartú⁶². Soláthraítear maoiniú freisin le haghaidh baill foirne, meantóirí nó saineolaithe a thionlacann na foghlaimeoirí le linn na gníomhaíochta. Soghluaisteacht foghlama ghearrthéarmach d'fhoghlaimeoirí sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint: Is féidir le foghlaimeoirí sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint tréimhse a chaitheamh i mbun foghlaim ar an gcoigríoch le soláthraí comhpháirtíochta sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, i gcuideachta, nó in eagraíocht eile atá gníomhach i réimse an
-----------------------------------	---

⁶² Is féidir tuilleadh eolais faoi na comórtais scileanna VET a aimsiú i gCuid D – Gluais téarmaí.

	ghairmoideachais agus na gairmoiliúna nó sa mhargadh saothair. Sa tréimhse foghlama ní mór comhchuid obairbhunaithe láidir agus clár foghlama aonair a shainiú do gach rannpháirtí. I gcás rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu, is féidir an tsoghluaisteacht a eagrú ar feadh fad íosta 2 lá, má tá údar leis sin. Soghluaisteacht foghlama fhadtéarmach d'fhoghlaimeoirí sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint (ErasmusPro): Is féidir le foghlaimeoirí sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint tréimhse níos faide a chaitheamh i mbun foghlaim ar an gcoigríoch le soláthraí comhpháirtíochta sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, i gcuideachta, nó in eagraíocht eile atá gníomhach i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna nó sa mhargadh saothair. Sa tréimhse foghlama ní mór comhchuid obairbhunaithe láidir agus clár foghlama aonair a shainiú do gach rannpháirtí.
Rannpháirtithe incháilithe	Áiríonn rannpháirtithe incháilithe foghlaimeoirí agus printísigh sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint tosaigh agus sa ghairmoideachas agus gairmoiliúint leanúnach (iVET agus cVET). Ní mór do rannpháirtithe a bheith cláraithe i gclár incháilithe sa ghairmoideachas nó sa ghairmoiliúint tosaigh nó leanúnach⁶³. Tá céimithe nua (lena n-áirítear iarphrintísigh) i gclár incháilithe sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint tosaigh agus sa ghairmoideachas agus gairmoiliúint leanúnach incháilithe a bheith rannpháirteach suas le 12 mhí i ndiaidh bhronnadh a gcéime. I gcás ina mbeidh seirbhís shibhialta nó mhíleata éigeantach á comhlíonadh ag na rannpháirtithe tar éis bhronnadh na céime, déanfar an tréimhse incháilitheachta a fhadú de réir fhad na seirbhíse sin.
Ionaid incháilithe	Ní mór gníomhaíochtaí a reáchtáil ar an gcoigríoch, i mBallstát de chuid an Aontais nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Ina theannta sin, is féidir le heagraíochtaí a a bhfuil creidiúnú Erasmus acu foghlaimeoirí a sheoladh le haghaidh soghluaisteacht ghearrthéarmach, soghluaisteacht fhadtéarmach (ErasmusPro) agus comórtais scileanna VET i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár (Réigiún 1-14 mar a shonraítear i gCuid A: Tíortha incháilithe).

GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE LENA dTACAÍTEAR

Gníomhaíochtaí incháilithe	▪ Saineolaithe dá dtugtar cuireadh (2 go 60 lá) ▪ Múinteoirí agus oideoirí faoi oiliúint a óstáil (10 go 365 lá) Saineolaithe dá dtugtar cuireadh: is féidir le heagraíochtaí cuireadh a thabhairt d'oiliúnóirí, múinteoirí,aineolaithe beartais nó gairmithe cáilithe eile ón gcoigríoch, ar daoine iad ar féidir leo cabhrú le feabhas a chur ar an teagasc, ar an oiliúint agus ar an bhfoghlaim san ósteagraíocht. Mar shampla, féadfaidhaineolaithe dá dtugtar cuireadh oiliúint a sholáthar do
-----------------------------------	---

⁶³ Is é an tÚdarás Náisiúnta inniúil i ngach Ballstát de chuid an Aontais nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár a dhéanfaidh na cláir iVET agus cVET a shainiú agus foilseofar ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Náisiúnta ábhartha iad.

	bhaill foirne na heagraíochta óstáil, modhanna teagaisc nua a léiriú nó cabhrú le dea- chleachtais a aistriú ó thaobh cúrsaí eagrúcháin agus bainistíochta de. Múinteoirí agus oideoirí faoi oiliúint a óstáil: is féidir le heagraíochtaí is iarratasóirí múinteoirí faoi oiliúint, ar mian leo tréimhse cúrsa oiliúna a dhéanamh ar an gcoigríoch, a óstáil. Gheobhaidh an ósteagraíocht tacaíocht chun an ghníomhaíocht a chur ar bun, bíodh agus gur cheart an tacaíocht taistil agus aonair a bheith á soláthar don rannpháirtí ag an institiúid seolta (agus is féidir léi iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú Erasmus+ chun na críche sin freisin).
Rannpháirtithe incháilithe	Aon duine ó Bhallstát eile de chuid an Aontais nó ó thír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár ar féidir saineolas atá ábhartha i leith riachtanais agus chuspóirí na heagraíochta a sholáthar a thugann cuireadh dóibh, is féidir leo a bheith ina saineolaithe dá dtugtar cuireadh. Tá óstáil múinteoirí agus oideoirí faoi oiliúint ar fáil le haghaidh rannpháirtithe atá cláraithe i gclár oideachais múinteoirí nó rannpháirtithe ar céimithe nua⁶⁴ de chuid clár den chineál sin iad (nó i gclár oideachais comhchosúil le haghaidh oiliúnóirí nó oideoirí) i mBallstát eile an Aontais nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár.
Ionaid incháilithe	Is í an eagraíocht is tairbhí (lena n- áirítear comhaltaí cuibhreannais) a fheidhmíonn i gcónaí mar ionad na saineolaithe agus na múinteoirí/na n- oideoirí faoi oiliúint dá dtugtar cuireadh.

Cuairteanna ullmhúcháin

Céard is cuairt ullmhúcháin ann?	Is éard is cuairt ullmhúcháin ann cuairt a thugann baill foirne ón eagraíocht seolta ar ósteagraíocht ionchasach agus is é is cuspóir don chuairt ullmhú le haghaidh gníomhaíocht soghluaisteachta foghlaimeora nó foirne ar bhealach níos fearr.
Cathain is féidir cuairt ullmhúcháin a eagrú?	Ní mór réasúnaíocht shoiléir a bheith mar bhonn le gach cuairt ullmhúcháin agus ní mór feabhas a chur ar chuimsitheacht, raon feidhme agus cáilíocht na ngníomhaíochtaí soghluaisteachta leo sin. Mar shampla, is féidir cuairteanna ullmhúcháin a eagrú chun gur fearr is féidir soghluaisteacht rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu a ullmhú, chun tosú ar oibriú le heagraíocht chomhpháirtíochta nua, nó chun gníomhaíochtaí soghluaisteachta níos faide a ullmhú. Féadfar cuairteanna ullmhúcháin a eagrú ag ullmhú le haghaidh aon chineáil soghluaisteachta foghlama nó foirne, cé is moite de 'chúrsaí agus oiliúint'.

⁶⁴ Tá céimithe nua incháilithe chun bheith rannpháirteach ar feadh suas le 12 mhí tar éis bhronnadh a gcéime. I gcás ina mbeidh seirbhís shibhialta nó mhíleata éigeantach á comhlíonadh ag na rannpháirtithe tar éis bhronnadh na céime, déanfar an tréimhse incháilitheachta a fhadú de réir fhad na seirbhíse sin.

Cé atá in ann a bheith páirteach i gcuairt ullmhúcháin?	Is féidir le haon duine atá incháilithe le haghaidh gníomhaíochtaí soghluaisteachta ball foirne agus ag a bhfuil baint le heagrú an tionscadail cuairteanna ullmhúcháin a dhéanamh. Go heisceachtúil, féadfaidh foghlaimoirí a ghlacfaidh páirt sa tsoghluaisteacht foghlama fhadtéarmach agus rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu in aon chineál gníomhaíochta páirt a ghlacadh i gcuairteanna ullmhúcháin le haghaidh a ngníomhaíochtaí. Féadfaidh uasmhéid de thriúr a bheith rannpháirteach i gcuairt ullmhúcháin, agus féadfar uasmhéid de chuairt ullmhúcháin amháin a eagrú le haghaidh gach eagraíochta óstaí.
Cén áit a bhféadfar dul ar chuairteanna ullmhúcháin?	Déantar cuairteanna ullmhúcháin ag áitreabh na heagraíochta óstaí, nó ag aon ionad eile ina mbeartaítear gníomhaíochtaí soghluaisteachta a dhéanamh. Na rialacha atá infheidhme maidir le hionaid ghníomhaíochtaí foirne agus soghluaisteachta, tá feidhm acu maidir le cuairteanna ullmhúcháin atá nasctha leis na gníomhaíochtaí sin freisin.

TIONSCADAIL GHEARRTHÉARMACHA LE HAGHAIDH SOGHLUAISTEACHT FOGHLAIMEOIRÍ AGUS BALL FOIRNE SA GHAIRMOIDEACHAS AGUS SA GHAIRMOILIÚINT

Is éard atá i dtionscadail ghearrthéarmacha le haghaidh soghluaisteacht foghlaimoirí agus ball foirne bealach furasta agus simplí chun tairbhiú de Erasmus+. Is é is cuspóir dóibh deis a thabhairt don tairbhí cúpla gníomhaíocht a shocrú ar bhealach éasca agus taithí a fháil sa Chlár.

Chun bheith simplí i gcónaí, áirítear teorainn i dtionscadail ghearrthéarmacha leis an líon rannpháirtithe agus le fad an tionscadail. Níl an fhoráid oscailte ach amháin d'eagraíochtaí aonair agus níl sí oscailte do chuibhreannais. Ní féidir le heagraíochtaí creidiúnaithe iarratas a dhéanamh ar thionscadail ghearrthéarmacha ós rud é go bhfuil rochtain bhuan acu ar mhaoiniú Erasmus+ cheana féin.

San iarratas ar thionscadail ghearrthéarmacha áirítear liosta de na gníomhaíochtaí, agus tuairisc orthu, a bhfuil plean ag an eagraíocht is iarratasóir iad a eagrú.

CRITÉIR INCHÁILTHEACHTA

Eagraíochtaí incháilithe: cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Tá na heagraíochtaí seo a leanas incháilithe⁶⁵ le hiarrratas a dhéanamh: (1) Eagraíochtaí a sholáthraíonn an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint tosaigh nó leanúnach (2) Údarais phoiblí áitiúla agus réigiúnacha, comhlachtaí comhordúcháin agus eagraíochtaí eile ag a bhfuil ról i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna (3) Cuideachtaí agus eagraíochtaí poiblí nó príobháideacha eile a óstálann foghlaimoirí agus printísigh sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, a chuireann oiliúint orthu agus a oibríonn leo Ní féidir le heagraíochtaí a bhfuil creidiúnú Erasmus sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint acu iarratas a dhéanamh ar thionscadail ghearrthéarmacha.
Tíortha incháilithe	Ní mór d'eagraíochtaí is iarratasóir a bheith bunaithe i mBallstát de chuid an Aontais nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár
Cén áit ar féidir iarratas a chur isteach?	Cuirtear iarratais faoi bhráid Ghníomhaireacht Náisiúnta na tíre ina bhfuil an t-iarratasóir bunaithe.
Sprioc- amanna le haghaidh iarratas	Babhta 1 (le haghaidh na nGníomhaireachtaí Náisiúnta uile): An 23 Feabhra ar 12:00:00 (meán lae am na Buiséile) Babhta 2: Féadfaidh Gníomhaireachtaí Náisiúnta cinneadh a dhéanamh chun dara sprioc- am a oscailt (Babhta 2). Sa chás sin, cuirfidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta na rannpháirtithe ar an eolas faoi trína suíomh gréasáin. Le haghaidh Bhabhta 2, ní mór d'iarratasóirí a n-iarratais a chur isteach faoin 4 Deireadh Fómhair ar 12:00:00 (meán lae am na Buiséile).

⁶⁵ Is é an tÚdarás Náisiúnta inniúil i ngach Ballstát de chuid an Aontais nó tír atá comhlachaithe leis an gClár a shaineoidh na heagraíochtaí incháilithe agus foilseofar ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Náisiúnta ábhartha iad mar aon le samplaí ábhartha.

Dátaí tosaigh le haghaidh tionscadal	Is féidir na dátaí tosaigh seo a leanas a roghnú le haghaidh tionscadal: ▪ Babhta 1: idir an 1 Meitheamh agus an 31 Nollaig sa bhliain chéanna ▪ Babhta 2 (má tá sé oscailte): idir an 1 Eanáir agus an 31 Bealtaine an bhliain ina dhiaidh sin
Fad tionscadal	Ó 6 mhí go 18 mí
An líon iarratas	In aghaidh an bhabhta roghnúcháin, ní fhéadfaidh eagraíocht iarratas a dhéanamh ach ar thionscadal gearrthéarmach amháin i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna. Eagraíochtaí a fhaigheann deontas ar thionscadal gearrthéarmach faoin gcéad bhabhta iarratas, ní fhéadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar an dara babhta den ghlaao céanna ar thograí. Laistigh d'aon tréimhse 5 bliana as a chéile ina n-eisítear glao, féadfaidh eagraíochtaí trí dheontas ar a mhéad a fháil le haghaidh tionscadail ghearrthéarmacha sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint. Ní áirítear deontais a fuarthas sa tréimhse 2014-2020 sa teorainn sin.
Gníomhaíochtaí incháilithe	Gach cineál gníomhaíochta le haghaidh an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna. Chun teacht ar liosta mionsonraithe agus ar na rialacha, féach an roinn 'Gníomhaíochtaí'. Chun bheith incháilithe, ní mór gníomhaíocht soghluaisteachta baill foirne nó foghlaimeora ar a laghad a bheith san áireamh in iarratais.
Raon feidhme tionscadal	In iarratas ar thionscadal gearrthéarmach, is féidir 30 rannpháirtí ar a mhéad a áireamh i ngníomhaíochtaí soghluaisteachta. Ní áireofar cuairteanna ullmhúcháin ná rannpháirtíocht daoine tionlacain sa teorainn sin.
Eagraíochtaí tacaíochta	Is éard atá in eagraíocht tacaíochta eagraíocht a chuidíonn le heagraíocht is tairbhí i ngnéithe praiticiúla de thionscadal a chur chun feidhme, gnéithe nach mbaineann le cúraimí lárnacha tionscadail (mar a shainmhínítear i gcaighdeáin cháilíochta Erasmus). Féadfaidh aon eagraíocht atá gníomhach i réimse an oideachais agus na hoiliúna a bheith ina heagraíocht tacaíochta. Ní mór ról agus oibleagáidí na n-eagraíochtaí tacaíochta a bheith sainithe go foirmiúil eatarthu féin agus an eagraíocht is tairbhí. Gníomhaíonn an eagraíocht tacaíochta faoi mhaoirseacht na heagraíochta tairbhithe, agus fanann an eagraíocht tairbhí freagrach as torthaí agus cáilíocht na ngníomhaíochtaí a cuireadh chun feidhme. Ní mór do na rannchuidithe uile de chuid eagraíochtaí tacaíochta a bheith i gcomhréir le caighdeáin cháilíochta Erasmus.

CRITÉIR DHÁMHACHTANA

Déanfar measúnú ar na hiarratais a chuirtear isteach trí phointí as 100 ar an iomlán a shannadh, bunaithe ar na critéir agus ar na hualuithe thíos. Le bheith curtha san áireamh le haghaidh dámhachtana, ní mór na tairseacha seo a leanas a bhaint amach leis na hiarratais:

- Ar a laghad 60 pointe as 100 pointe ar an iomlán, agus
- Ar a laghad leath na bpointí scóir uasta i ngach ceann de na trí chatagóir le haghaidh critéir dhámhachtana

Ábharthacht (scór uasta 30 pointe)	A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh: ▪ tá próifíl, taithí agus gníomhaíochtaí an iarratasóra chomh maith le spriocphobal na bhfoghlaimoirí ábhartha i leith réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna ▪ tá togra an tionscadail ábhartha i leith chuspóirí na gníomhaíochta ▪ tá togra an tionscadail ábhartha i leith na dtosaíochtaí sonracha seo a leanas: – tacaíocht a thabhairt do nuatheachtaithe agus d’eagraíochtaí ag a bhfuil níos lú taithí – tacaíocht a thabhairt do rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí ErasmusPro – tacaíocht a thabhairt do rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu
Cáilíocht dhearadh an tionscadail (scór uasta 40 pointe)	A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh: ▪ i gcuaspóirí an tionscadail a mholtar tugtar aghaidh ar riachtanais na heagraíochta is iarratasóir, ar riachtanais a ball foirne agus ar riachtanais na bhfoghlaimoirí agus déantar amhlaidh ar bhealach atá soiléir agus coincreíteach ▪ tá inneachar na ngníomhaíochtaí a mholtar agus an chothromaíocht idir cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí iomchuí chun cuspóirí an tionscadail a bhaint amach ▪ tá plean oibre soiléir i bhfeidhm le haghaidh gach ceann de na gníomhaíochtaí a mholtar ▪ sa tionscadal ionchorpraítear cleachtais atá inbhuanaithe agus freagrach ó thaobh an chomhshaoil de ▪ sa tionscadal ionchorpraítear úsáid uirlisí (go háirithe Ríomhnascadh le haghaidh iVET agus EPALE le haghaidh cVET) agus modhanna foghlama digiteacha chun na gníomhaíochtaí soghluaisteachta fisicí a chomhlánú, agus chun feabhas a chur ar an gcomhar le heagraíochtaí comhpháirtíochta
Cáilíochtaí na ngníomhaíochtaí leantacha (scór uasta 30 pointe)	A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh: ▪ rinne an t-iarratasóir na cúraimí agus na freagrachtaí le haghaidh seachadadh gníomhaíochtaí a shainiú ar bhealach soiléir i gcomhréir le caighdeáin cháilíochta Erasmus ▪ tá bearta nithiúla agus loighciúla molta ag an iarratasóir chun torthaí na ngníomhaíochtaí soghluaisteachta a lánpháirtiú in obair thráthrialta na heagraíochta ▪ tá bealach iomchuí molta ag an iarratasóir chun meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí an tionscadail ▪ tá bearta nithiúla agus éifeachtacha molta ag an iarratasóir chun torthaí an tionscadail a chur in iúl laistigh den eagraíocht is iarratasóir, chun na torthaí a chomhroinnt le heagraíochtaí eile agus leis an bpobal, agus chun aitheantas a thabhairt go poiblí do mhaoiniú an Aontais Eorpaigh

TIONSCADAIL CHREIDIÚNAITHE LE HAGHAIDH SOGHLUAISTEACHT FOGHLAIMEOIRÍ AGUS BALL FOIRNE SA GHAIRMOIDEACHAS AGUS SA GHAIRMOILIÚINT

Is féidir le heagraíochtaí a bhfuil creidiúnú Erasmus sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint acu iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú mar chuid de shnáithe cistiúcháin speisialta atá oscailt dóibh, agus dóibhsean amháin. Tá iarratais bunaithe ar an bPlean Erasmus a formheasadh roimhe sin, mar sin, níl gá le liosta mionsonraithe de na gníomhaíochtaí pleanáilte, ná le tuairisc mhionsonraithe orthu, tráth a dhéantar iarratas ar chistí. Ina ionad sin, díritear sna hiarratais ar an mbuiséad is gá le haghaidh an chéad tacair gníomhaíochtaí eile a mheas.

Critéir incháilitheachta

Eagraíochtaí incháilithe: cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Tá eagraíochtaí a bhfuil creidiúnú Erasmus bailí sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint acu incháilithe le hiarratas a dhéanamh.
Cuibhreannas soghluaisteachta	Ní mór d'eagraíochtaí a bhfuil creidiúnú Erasmus do chomhordaitheoirí cuibhreannais soghluaisteachta acu iarratas a dhéanamh ar an bhformáid cuibhreannais soghluaisteachta. Ní mór liosta de na comhaltaí cuibhreannais soghluaisteachta a sholáthar mar chuid den iarratas agus ní mór eagraíocht is iarratasóir amháin ar a laghad a bheith san áireamh ann i dteannta an chomhordaitheora. Is féidir le haon eagraíocht a chomhlíonann na critéir incháilitheachta le haghaidh chreidiúnú Erasmus sa réimse céanna teacht chun bheith ina comhalta de chuibhreannas soghluaisteachta. Ní mór do gach eagraíocht phleanáilte is comhalta den chuibhreannas a bheith ón mBallstát céanna de chuid an Aontais nó ón tír chéanna nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár leis an gcomhordaitheoir cuibhreannais soghluaisteachta. Ní gá do chomhaltaí cuibhreannais creidiúnú Erasmus a bheith acu. Is féidir le heagraíochtaí a ghlacann páirt i gcuibhreannas soghluaisteachta maoiniú a fháil ó dhá chomhaontú deontais ar a mhéad de chuid Phríomhghníomhaíocht 1 a chur chun feidhme i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna faoin nGlaó céanna ar thograí. Dá bhrí sin, is féidir le heagraíochtaí gairmoideachais agus gairmoiliúna a fhaigheann deontas le haghaidh tionscadal gearrthéarmach nó tionscadal creidiúnaithe páirt a ghlacadh ina theannta sin i gcuibhreannas soghluaisteachta, agus é sin amháin, sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint ina gcáil mar eagraíochtaí is comhaltaí. Is féidir le heagraíochtaí eile páirt a ghlacadh i suas le dhá chuibhreannas soghluaisteachta.
Cén áit ar féidir iarratas a chur isteach?	Cuirtear iarratais faoi bhráid Ghníomhaireacht Náisiúnta na tíre ina bhfuil an eagraíocht is iarratasóir bunaithe.
Sprioc- am le haghaidh iarratas	An 23 Feabhra ar 12:00:00 (meán lae am na Buiséile)
Dáta tosaigh le haghaidh tionscadal	An 1 Meitheamh sa bhliain chéanna

Fad tionscadal	Mairfidh na tionscadail chreidiúnaithe uile ar feadh 15 mhí ar dtús. Tar éis 12 mhí, beidh na tairbhíthe uile in ann a dtionscadal a fhadú ar feadh 24 mhí san iomlán.
An líon iarratas	Ní fhéadfaidh eagraíochtaí creidiúnaithe iarratas a dhéanamh ach uair amháin in aghaidh an bhabhta roghnúcháin.
Gníomhaíochtaí incháilithe	Gach cineál gníomhaíochta le haghaidh an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna. Chun teacht ar liosta mionsonraithe agus ar na rialacha, féach an roinn ‘Gníomhaíochtaí’. Chun bheith incháilithe, ní mór gníomhaíocht soghluaisteachta baill foirne nó foghlaimeora ar a laghad a bheith san áireamh in iarratais.
Raon feidhme tionscadal	Níl teorainn leis an líon rannpháirtithe is féidir a áireamh i dtionscadail chreidiúnaithe, cé is moite d’aon teorainn a shainítear i gcéim leithdháilte an bhuiséid. Le tionscadail ní fhéadfar breis agus 20 % den deontas a dhámhtar a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí le tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár ⁶⁶ . Tá na deiseanna sin beartaithe chun eagraíochtaí i mBallstát de chuid an Aontais agus i dtíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár a spreagadh chun gníomhaíochtaí soghluaisteachta amach a fhorbairt le tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. Beartaítear na gníomhaíochtaí sin chun an raon geografach is leithne agus is féidir a chlúdach.

LEITHDHÁILEADH AN BHUISÉID

Rinneadh measúnú ar cháilíocht an phlean Erasmus de chuid an iarratasóra i gcéim an iarratais creidiúnúcháin agus dá bhrí sin ní dhéantar aon mheasúnú cáilíochtúil i gcéim leithdháileadh an bhuiséid. Gheobhaidh gach iarratas incháilithe ar dheontas maoiniú.

Beidh an méid deontais a dhámhtar ag brath ar roinnt gnéithe:

- an buiséad iomlán atá ar fáil chun leithdháileadh a dhéanamh ar iarratasóirí creidiúnaithe
- na gníomhaíochtaí a iarradh (agus an buiséad measta is gá chun iad a chur chun feidhme san áireamh)
- an deontas bunúsach agus uasta
- na critéir leithdháilte seo a leanas: feidhmíocht an iarratasóra, tosaíochtaí beartais, agus cothromaíocht geografach (má chuireann an Ghníomhaireacht Náisiúnta an méid sin i bhfeidhm)

Rialacha mionsonraithe maidir le deontas bunúsach agus uasta, scóráil na gcritéir leithdháilte, ualú gach critéir, an modh leithdháilte agus, an buiséad atá ar fáil le haghaidh tionscadail chreidiúnaithe, foilseoidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta iad roimh sprioc- am an ghlaio.

⁶⁶ Ní áireofar catagóirí buiséid ‘Tacaíocht chuimsiúcháin le haghaidh rannpháirtithe’ agus ‘Costais eisceachtúla le haghaidh taisteal costasach’ sa teorainn sin.

CAD IAD NA RIALACHA CISTIÚCHÁIN ATÁ ANN?

Tá feidhm ag na rialacha maoiniúcháin seo a leanas maidir le tionscadail ghearrthéarmacha agus tionscadail chreidiúnaithe.

Catagóir bhuiséid	Costais incháilithe agus rialacha is infheidhme	Méid		
Tacaíocht eagraíochtúil	Costais atá nasctha go díreach le cur chun feidhme gníomhaíochtaí soghluaisteachta nach gcumhdaítear le catagóirí eile costais. Mar shampla: rannpháirtithe a ullmhú (ar bhealach oideolaíoch, idirchultúrtha agus eile), meantóireacht agus monatóireacht a dhéanamh orthu agus tacaíocht a thabhairt dóibh le linn na soghluaisteachta, na seirbhísí chomh maith leis na huirlisí agus an trealamh is gá le haghaidh comhchodanna fíorúla i ngníomhaíochtaí cumaisc, torthaí foghlama a aithint, torthaí a chomhroinnt agus maoiniú an Aontais Eorpaigh a chur in iúl don phobal. Le tacaíocht eagraíochtúil cumhdaítear na costais atá tabhairte ag an eagraíocht seolta agus ag an ósteagraíocht araon (seachas i gcás soghluaisteacht ball foirne le haghaidh cúrsaí agus oiliúna). Tiocfaidh an dá eagraíocht ar chomhaontú maidir leis an deontas a fuarthas a roinnt. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an líon rannpháirtithe.	EUR 100 – In aghaidh an rannpháirtí i soghluaisteacht ball foirne le haghaidh cúrsaí agus oiliúna – In aghaidh an tsaineolaí dá dtugtar cuireadh – In aghaidh an mhúinteora nó an oideora faoi oiliúint a óstáiltear – In aghaidh an rannpháirtí i gcomórtais scileanna gairmoideachais agus gairmoiliúna		
		EUR 350; EUR 200 tar éis 100 rannpháirtí sa chineál gníomhaíochta céanna – In aghaidh an rannpháirtí i soghluaisteacht foghlama ghearrthéarmach d'fhoghlaimeoirí sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint – In aghaidh an rannpháirtí i soghluaisteacht ball foirne le haghaidh na scáthfhoghlama agus tascanna teagaisc nó oiliúna		
		EUR 500 – In aghaidh an rannpháirtí i soghluaisteacht foghlama fhadtéarmach d'fhoghlaimeoirí sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint (ErasmusPro) – In aghaidh an rannpháirtí in aon ghníomhaíocht le tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár		
Taisteal	Ranníocaíocht le costais taistil fillte rannpháirtithe agus daoine tionlacain óna n-áit bhunaidh chuig ionad na gníomhaíochta. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an achar taistil agus ar an líon daoine Ní mór don iarratasóir an t-achar aeir idir an	Achar taistil	Taisteal caighdeánach	Taisteal glas
		10 – 99 km	EUR 23	
		100 – 499 km	EUR 180	EUR 210
		500 – 1 999 km	EUR 275	EUR 320
		2 000 – 2 999 km	EUR 360	EUR 410
		3 000 – 3 999 km	EUR 530	EUR 610

	áit bhunaidh agus ionad na gníomhaíochta a léiriú ⁶⁷ tríd an áireamhán achair lena dtacaíonn an Coimisiún Eorpach a úsáid ⁶⁸ .	4000 – 7999 km	EUR 820		
		8 000 km nó níos mo	EUR 1500		
Tacaíocht aonair	Costais chothaithe le haghaidh rannpháirtithe agus daoine tionlacain⁶⁹ le linn na gníomhaíochta. Más gá, tá costais chothaithe incháilithe le haghaidh am taistil roimh an ngníomhaíocht agus ina diaidh, le 2 lá taistil ar a mhéad le haghaidh rannpháirtithe agus daoine tionlacain a fhaigheann deontas taistil chaighdeánaigh, agus 6 lá taistil ar a mhéad le haghaidh rannpháirtithe i gcás deontais taistil ghlais. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid.	Catagóir rannpháirtithe	Grúpa tíortha 1	Grúpa tíortha 2	Grúpa tíortha 3
		Baill foirne	EUR 101 - 180	EUR 90 - 160	EUR 79 - 140
		Foghlaimoirí sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint	EUR 39 - 120	EUR 34 - 104	EUR 28 - 88
		Is bonnrátaí iad na rátaí thuas in aghaidh an lae gníomhaíochta. Déanfaidh gach gníomhaireacht náisiúnta cinneadh i dtaobh na mbonnrátaí beachta laistigh de na raonta a cheadaítear. Íoctar an bonnráta suas leis an 14ú lá den ghníomhaíocht. Ón 15ú lá gníomhaíochta, beidh an ráta is iníoctha cothrom			

⁶⁷ Mar shampla, má bhíonn duine ó Mhaidrid (na Spáinne) ag glacadh páirt i ngníomhaíocht atá á reáchtáil sa Róimh (an Iodáil), déanfaidh an t-iarratasóir an t-achar ó Mhaidrid go dtí an Róimh (1 365.28 KM) agus ansin roghnóidh an t-iarratasóir an banda achair taistil is infheidhme (is é sin, idir 500 agus 1 999 km).

⁶⁸ https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/resources/distance-calculator_ga

⁶⁹ I gcás daoine tionlacain, tá feidhm leis na rátaí foirne. I gcásanna eisceachtúla, i gcás inar gá don duine tionlacain fanacht ar an gcoigríoch ar feadh tréimhse is faide ná 60 lá, tacófar le costais chothaithe bhreise lastall den 60ú lá faoin gceannnteideal buiséid ar a dtugtar ‘Tacaíocht chuimsiúcháin’.

	Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an líon daoine, ar fhad an fhanachta agus ar an tír óstach ⁷⁰ .	le 70 % den bhonnaráta. Slánófar na rátaí iníoctha go dtí an euro iomlán is gaire.
Tacaíocht chuimsiúcháin	Tacaíocht chuimsiúcháin d’eagraíochtaí: Costais a bhaineann le gníomhaíochtaí soghluaisteachta a eagrú do rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu.	
	Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid.	EUR 100 in aghaidh an rannpháirtí
	Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an líon rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu.	
	Tacaíocht chuimsiúcháin le haghaidh rannpháirtithe: Costais bhreise atá nasctha go díreach le rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu agus leis na daoine atá á dtionlacan (lena n-áirítear costais taistil agus chothaithe mura n-iarrtar deontas le haghaidh na rannpháirtithe sin trí na catagóirí buiséid ar a dtugtar ‘Taisteal’ agus	100 % de chostais incháilithe

⁷⁰ **Grúpaí tíortha óstacha le haghaidh Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár:**

Grúpa tíortha 1: An Danmhairg, Éire, an Fhionlainn, an Iorua, an Íoslainn, Lichtinstéin, Lucsamburg, an tSualainn;

Grúpa tíortha 2: An Bheilg, an Chipir, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, Málta, an Ostair, an Phortaingéil, an Spáinn;

Grúpa tíortha 3: An Bhulgáir, an Chróit, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, an Mhacadóin Thuaidh, Poblacht na Seice, an Pholainn, an Rómáin, an tSeirbia, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Tuirc, an Ungáir

Grúpaí óstacha le haghaidh tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár:

Grúpa tíortha 1: An Airgintín, an Airméin, Angóla, Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha, an Araib Shádach, an Asarbaiseáin, an Astráil, Bairéin, Ceanada, an Chóiré Theas, Cuáit, an Eilvéis, Hong Cong, Iosrael, an Liobáin, Meicsiceo, an Mhalaeisia, an Mholdóiv, Oileáin Fharó, an tSeapáin, an tSeoirsia, an tSúdáin, na Stáit Aontaithe, San Críostóir-Nimheas, San Uinseann agus na Greanáidíní, Singeapór, an Ríocht Aontaithe, an Tansáin, an Téalainn, an Téaváin, Vítneam.

Grúpa tíortha 2: An Aetóip, an Afraic Theas, an Albáin, Andóra, Antigua agus Barbúda, na Bahámaí, an Bhanglaidéis, Barbadós, an Bhealarúis, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Bhrasail, Brúiné, an Chasacstáin, Catar, an Chéinia, Ciribeas, an Chirgeastáin, Cósta Ríce, an Cósta Eabhair, Cúba, Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré, Djibouti, Doiminice, Eacuadór, Éimin, an Éigipt, an Ghabúin, Gána, Greanáda, an Ghuáin, Háítí, Iamáice, an Iaráin, an India, an Indinéis, an Iordáin, Laos, an Libéir, an Libia, Maláivach, Maracó, an Mhicrinéis, Monacó, Montainéagró, Mósaimbíc, an Nigéir, Nua-Ghuine Phapua, na hOileáin Philipíneacha, Oileáin Mhuiris, Óman, an Phalaistín, Panama, Paragua, Peiriú, an Phoblacht Dhoiminiceach, Poblacht Dhaonlathach an Chongó, Ruanda, an Rúis, Saint Lucia, San Mairíne, Sead, an tSeineagáil, na Séisíil, Siarra Leon, an tSile, an tSín, an tSiria, Stát Chathair na Vatacáine, an Tuircméanastáin, an Úcráin, Uganda, an Úisbéiceastáin, Uragua, Veiniséala.

Grúpa tíortha 3: An Afganastáin, an Ailgéir, an Bheilís, Beinin, an Bholaiv, an Bhotsuáin, Buircíne Fasó, an Bhurúin, an Bhútáin, Cabo Verde, Camarún, an Chambóid, an Cholóm, an Congó, an Chosaiv, an Eiritré, Eswatini, Fidsí, an Ghaimbia, Guatamala, an Ghuine, Guine Bissau, an Ghuine Mheánchiorclach, Hondúras, an Iaráic, Leosóta, Macao, Maenmar, Madagascar, Mailí, an Mháratáin, an Mhongóil, an Namaib, Nárú, Neipeal, Nicearagua, an Nígir, Niue, an Nua-Shéalainn, Oileáin Chomóra, Oileáin Cook, Oileáin Mhaildíve, Oileáin Marshall, Oileáin Sholaimh, Oileáin na Tríonóide agus Tobága, an Phacastáin, Palau, Poblacht na hAfraice Láir, an tSaimbia, an tSalvadóir, Samó, São Tomé agus Príncipe, an tSiombáib, an tSomáil, Srí Lanca, an tSúdáin Theas, Suranam, an Táidsiceastáin, Tiómór Thoir, Tóga, Tonga, an Túinéis, Tuvalu, Vanuatú.

	'Tacaíocht aonair'). Sásra maoiniúcháin: fórchostais. Riail maidir le leithdháileadh: ní mór don iarratasóir údar a thabhairt leis an iarraidh agus ní mór don Ghníomhaireacht Náisiúnta í a fhormheas.	
Cuairteanna ullmhúcháin	Costais taistil agus chothaithe le haghaidh rannpháirtíocht i gcuart ullmhúcháin. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an líon rannpháirtithe.	EUR 575 in aghaidh an rannpháirtí, agus trí rannpháirtí ann ar a mhéad in aghaidh na cuairte
Táillí cúrsa	Costais lena gcumhdaítear táillí clárúcháin le haghaidh formáid soghluaisteachta baill foirne 'Cúrsaí agus oiliúint'. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar fhad na gníomhaíochta.	EUR 80 in aghaidh an rannpháirtí in aghaidh an lae; féadfaidh ball foirne aonair EUR 800 ar a mhéad a fháil i dtáillí cúrsa laistigh de chomhaontú deontais amháin.
Tacaíocht teanga	Costais a bhaineann le hábhair foghlama teanga agus oiliúint a sholáthar do rannpháirtithe ar gá dóibh feabhas a chur ar an eolas atá acu ar an teanga a úsáidfí siad chun tabhairt faoi staidéar nó oiliúint a fháil le linn a ngníomhaíochta. Tá tacaíocht teanga incháilithe le haghaidh rannpháirtithe i soghluaisteacht baill foirne atá níos faide ná 30 lá agus i ngníomhaíocht soghluaisteachta aonair ghearrthéarmach agus fhadtéarmach foghlaimeoirí. Níl tacaíocht iníoctha ach amháin mura bhfuair an rannpháirtí Tacaíocht Teanga ar Líne mar gheall nach bhfuil an teanga nó an leibhéal a éilítear ar fáil. Níl feidhm ag an gcoinníoll deiridh maidir le tacaíocht threisithe a sholáthraítear le haghaidh rannpháirtithe ErasmusPro. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais	EUR 150 in aghaidh an rannpháirtí Ina theannta sin: EUR 150 de thacaíocht threisithe in aghaidh an rannpháirtí in ErasmusPro

	aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an líon rannpháirtithe.	
Costais eisceachtúla	Costais chun ráthaíocht airgeadais a thabhairt, má iarrann an Ghníomhaireacht Náisiúnta sin. Costais taistil chostasaigh na rannpháirtithe agus na ndaoine atá á dtionlacan nach féidir tacú leo leis an gcatagóir 'Taisteal' agus é caighdeánach, de dheasca iargúltaíocht gheografach nó bacainní eile. Víosa agus costais a bhaineann le víosa, ceadanna cónaithe, vacsaínithe agus deimhnithe leighis. Sásra maoiniúcháin: fórchostais. Riail maidir le leithdháileadh: ní mór don iarratasóir údar a thabhairt leis an iarraidh agus ní mór don Ghníomhaireacht Náisiúnta í a fhormheas. Tá feidhm ag taisteal costasach i gcásanna nach gcumhdaíonn an tacaíocht taistil bunaithe ar chostas aonaid 70 % de chostais taistil na rannpháirtithe.	Costais maidir le ráthaíocht airgeadais: 80 % de chostais incháilithe Costais taistil chostasaigh: 80 % de chostais taistil incháilithe Víosa agus costais a bhaineann le víosa, ceadanna cónaithe, vacsaínithe agus deimhnithe leighis: 100 % de chostais incháilithe

SOGLHUAISTEACHT LE HAGHAIDH DHALTAÍ AGUS BAILL FOIRNE SAN OIDEACHAS SCOILE

Leis an ngníomhaíocht seo tacaítear le scoileanna agus eagraíochtaí eile atá gníomhach i réimse an oideachais scoile ar mian leo gníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlama a eagrú le haghaidh daltaí agus baill foirne.

Tacaítear le réimse leathan gníomhaíochtaí, lena n-áirítear an scáthfhoghlaim agus cúrsaí forbartha gairmiúla le haghaidh baill foirne, soghluaisteacht aonair agus grúpa le haghaidh daltaí, saineolaithe dá dtugtar cuireadh, agus gníomhaíochtaí eile mar a mhínítear thíos.

Ba cheart do na heagraíochtaí rannpháirteacha **an cuimsiú agus an éagsúlacht, an inbhuaine comhshaoil agus an t-oideachas digiteach** a chur chun cinn go gníomhach trína ngníomhaíochtaí: ag úsáid na ndeiseanna cistiúcháin sonracha dá bhforáiltear leis an gclár chun na gcríoch sin, trí fheasacht a ardú i measc a rannpháirtithe, trí dhea-chleachtais a chomhroinnt, agus trí dhearadh iomchuí a roghnú le haghaidh a ngníomhaíochtaí.

CUSPÓIRÍ NA GNÍOMHAÍOCHTA

Tá sé d'aidhm ag an ngníomhaíocht seo deiseanna foghlama a sholáthar do dhaoine aonair agus tacú le hidirnáisiúnú agus forbairt institiúide scoileanna agus eagraíochtaí eile san oideachas scoile. Go sonrach, is iad cuspóirí na gníomhaíochta seo:

An éirim Eorpach maidir leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim a neartú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- luachanna an chuimsithe agus na héagsúlachta, na caoinfhulaingthe, agus na rannpháirtíochta daonlathaí a chur chun cinn
- eolas faoi oidhreacht agus éagsúlacht chomhroinnte na hEorpa a chur chun cinn
- tacú le forbairt líonraí gairmiúla ar fud na hEorpa

Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama san oideachas scoile a mhéadú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- tacú le forbairt ghairmiúil múinteoirí, ceannairí scoile agus ball foirne scoile eile
- úsáid teicneolaíochtaí nua agus modhanna teagaisc nuálacha a chur chun cinn
- feabhas a chur ar fhoghlaim teanga agus ar an éagsúlacht teanga i scoileanna
- tacú le comhroinnt agus aistriú dea-chleachtas i bhforbairt teagaisc agus scoile

Rannchuidiú le Limistéar Eorpach Oideachais a chruthú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- acmhainneacht scoileanna a fhothú chun dul i mbun malartuithe trasteorann agus comhar trasteorann, agus tionscadail soghluaisteachta ardcháilíochta a chur i gcrích
- féachaint chuige go mbeidh an tsoghluaisteacht foghlama ina féidearthacht réalaíoch d'aon dalta san oideachas scoile
- aitheantas ar thorthaí foghlama daltaí agus ball foirne i dtréimhsí soghluaisteachta ar an gcoigríoch a chothú

CONAS TEACHT AR DHEISEANNA SOGLHUAISTEACHTA ERASMUS+?

Féadfaidh scoileanna agus eagraíochtaí eile atá gníomhach san oideachas scoile iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú ar dhá bhealach:

- Le **tionscadail ghearrthéarmacha le haghaidh soghluaisteacht daltaí agus ball foirne** – soláthraítear deis d'iarratasóirí gníomhaíochtaí soghluaisteachta éagsúla a eagrú thar thréimhse 6 mhí go 18 mí. Tá tionscadail ghearrthéarmacha ar an rogha is fearr le haghaidh eagraíochtaí atá ag cur isteach ar Erasmus+ den chéad uair, nó dóibh sin nach mian leo ach líon teoranta gníomhaíochtaí a eagrú.

- **Tionscadail chreidiúnaithe le haghaidh soghluaisteachta daltaí ná ball foirne** – níl na tionscadail sin oscailte ach amháin d'eagraíochtaí a bhfuil creidiúnú Erasmus i réimse an oideachais scoile acu. Leis an snáithe cistiúcháin speisialta sin is féidir le heagraíochtaí chreidiúnaithe maoiniú a fháil go tráthrialta le haghaidh gníomhaíochtaí soghluaisteachta lena rannchuidítear lena bPlean Erasmus a chur chun feidhme de réir a chéile. Tá creidiúnuithe Erasmus oscailte do gach eagraíocht ar mian léi gníomhaíochtaí soghluaisteachta a eagrú ar bhonn tráthrialta. Ní gá taithí a fháil sa chlár roimh ré chun iarratas a dhéanamh. Chun breis faisnéise a fháil faoin deis seo, léigh an chaibidil den treoir seo maidir le creidiúnú Erasmus i réimsí an oideachais aosaigh, an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, agus an oideachais scoile.

Ina theannta sin, is féidir le heagraíochtaí dul i bpáirt leis an gclár gan iarratas a chur isteach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- **Dul i bpáirt le cuibhreannas soghluaisteachta Erasmus+ atá ann cheana** faoi stiúir comhordaitheoir cuibhreannais chreidiúnaithe ina dtír mar a bhfuiltear ag glacadh le comhaltaí nua ina gcuibhreannas.
- **Rannpháirtithe ó thíre eile a óstáil:** is féidir le haon eagraíocht a bheith ina hóstach ar fhoghlaimeoirí nó ar bhaill foirne a thagann ó eagraíocht chomhpháirtíochta ar an gcoigríoch. Is luachmhar an t-éispéireas é a bheith mar ósteagraíocht agus is maith an bealach é le comhpháirtíochtaí a chruthú agus tuilleadh a fhoghlaim faoin gclár roimh iarratas a dhéanamh air tú féin.

Moltar do scoileanna dul i bpáirt freisin le **Ríomhnascadh**: pobal ar líne atá á óstáil ar ardán atá slán agus inrochtana do mhúinteoirí agus foireann scoile a rinne eagraíocht tacaíochta náisiúnta Ríomhnasctha i ngach tír grinnfhiosrúchán air. Le Ríomhnascadh is féidir le scoileanna seomraí ranga fíorúla comhpháirteacha a chur ar bun agus tionscadail a chur i gcrích le scoileanna eile, is féidir le múinteoirí plé agus malartú a dhéanamh le comhghleacaithe agus a bheith rannpháirteach i réimse deiseanna forbartha gairmiúla. Sárthimpeallacht atá sa Ríomhnascadh freisin chun comhpháirtithe a aimsiú le haghaidh tionscadail amach anseo.

Ina theannta sin, iarrtar ar scoileanna agus múinteoirí úsáid a bhaint as uirlisí SELFIE: uirlisí saor in aisce, ilteangacha, gréasán bhunaithe, féinmhachnaimh a chruthaigh an Coimisiún Eorpach chun cuidiú le scoileanna agus múinteoirí a n-éinníúlacht dhigiteach a fhorbairt. Is le haghaidh múinteoirí an uirlis, agus cuirtear ar chumas múinteoirí féinmheasúnú a dhéanamh ar a n-éinníúlacht agus a muinín dhigiteach, agus aiseolas a fháil ar a láidreachtaí agus a mbearnaí ina n-éolas nó ar na hinniúlachtaí a d'fhéadfaidís a fheabhsú. Is féidir le foirne múinteoirí oibriú le chéile freisin chun an uirlis a úsáid agus plean oiliúna a fhorbairt. Is féidir rochtain a fháil ar uirlisí SELFIE ar líne, anseo: <https://ec.europa.eu/education/schools-go-digital>

TIONSCADAL A BHUNÚ

Is í an eagraíocht is iarratasóir an príomhghníomhaí i dtionscadal de chuid Phríomhghníomhaíocht 1. Déanann an t-iarratasóir an t-iarratas a dhréachtú agus a chur isteach, an comhaontú deontais a shíniú, na gníomhaíochtaí soghluaisteachta a chur chun feidhme, agus tuairiscíonn an duine sin don Ghníomhaireacht Náisiúnta freisin. Tá an próiseas iarratais maidir le tionscadail ghearrthéarmacha agus creidiúnú Erasmus araon dírithe ar riachtanais agus pleananna na heagraíochta is iarratasóir.

D'fhéadfadh gníomhaíochtaí soghluaisteachta i dtionscadal soghluaisteachta a bheith ina ngníomhaíochtaí isteach nó amach. Tá an chuid is mó de na cineálacha gníomhaíochtaí atá ar fáil ina ngníomhaíochtaí soghluaisteachta amach. Ciallaíonn sin go ngníomhóidh an eagraíocht is iarratasóir mar eagraíocht seolta: déanfaidh sí rannpháirtithe a roghnú agus a sheoladh chuig ósteagraíocht ar an gcoigríoch. Moltar go mór na deiseanna sin a úsáid chun malartuithe dhá threo nó gníomhaíochtaí comhpháirteacha a eagrú le scoil chomhpháirtíochta amháin nó níos mó. Sa chás sin, ba cheart do gach scoil rannpháirteach iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú Erasmus+ nó is féidir leo dul i bpáirt le cuibhreannas atá ann cheana. Chun éascaíocht a dhéanamh don phróiseas aimsithe comhpháirtithe, le Erasmus+ soláthraítear uirlisí chun comhpháirtithe ar an gcoigríoch a aimsiú mar chuid den Ardán Eorpach um Oideachas Scoile (<https://school-education.ec.europa.eu/>).

Ina theannta sin, is ann do chineálacha speisialta gníomhaíochtaí isteach lenar féidir le heagraíochtaí is iarratasóirí cuireadh a thabhairt do shaineolaithe nó do mhúinteoirí faoi oiliúint chuig a n-eagraíocht. Ní hé is cuspóir do ghníomhaíochtaí isteach malartuithe dhá threo a chruthú ach is é is cuspóir dóibh daoine a thabhairt isteach ar féidir leo cabhrú leis an eagraíocht is iarratasóir a fhorbairt agus a idirnáisiúnú.

Agus gach gníomhaíocht lena dtacaítear faoin nGníomhaíocht seo á cur chun feidhme, ní mór caighdeáin cháilíochta Erasmus a leanúint. Le caighdeáin cháilíochta Erasmus cumhdaítear cleachtais nithiúla maidir le cur chun feidhme le haghaidh cúraimí tionscadail amhail roghnú agus ullmhú rannpháirtithe, sainiú, meastóireacht agus aithint torthaí foghlama, comhroinnt torthaí tionscadail, srl. Chun téacs iomlán chaighdeáin cháilíochta Erasmus a léamh, téigh chuig an nasc seo a leanas ar shuíomh gréasáin Europa: <https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/resources/documents/erasmus-quality-standards-mobility-projects-vet-adults-schools>

Gnéithe cothrománacha

Ba cheart do gach tionscadal soghluaisteachta na gnéithe seo a leanas atá comhchoiteann maidir leis an gclár iomlán Erasmus+ a chomhtháthú:

AN CUIMSIÚ AGUS AN ÉAGSÚLACHT

I gcomhréir le caighdeáin cháilíochta Erasmus, ní mór d'eagraíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón gclár a áirithiú go dtairgfidh siad deiseanna soghluaisteachta ar bhealach cuimsitheach agus cothrom do rannpháirtithe ó gach cúlra. Le roghnú na bhfoghlaimoirí a ghlacfaidh páirt i ngníomhaíochtaí tionscadail, ba cheart príomhfachtóirí a chur san áireamh amhail spreagadh, fiúntas, chomh maith le forbairt phearsanta agus riachtanais foghlama na rannpháirtithe. Ar an mbealach céanna, le roghnú na mball foirne is rannpháirtithe ba cheart a áirithiú go mbeidh tairbhí a bhforbartha pearsanta ar fáil le haghaidh gach foghlaimora san eagraíocht.

Le linn gníomhaíochtaí soghluaisteachta a ullmhú, a chur chun feidhme agus obair leantach a dhéanamh orthu, ba cheart do na heagraíochtaí seolta agus ósteagraíochtaí páirt a thabhairt do na rannpháirtithe i bpríomhchinní chun an oiread tairbhí agus tionchair agus is féidir a áirithiú le haghaidh gach rannpháirtí.

Moltar do thairbhíthe agus d'eagraíochtaí rannpháirteacha eile a sholáthraíonn an t-oideachas agus an oiliúint deiseanna soghluaisteachta a chruthú agus a éascú go gníomhach, mar shampla trí dheiseanna soghluaisteachta a bhunú ina bhféilire acadúil agus céimeanna ath-lánpháirtíochta a shainiú do rannpháirtithe a fhilleann.

CLEACHTAIS ATÁ INBHUANAITHE AGUS FREAGRACH Ó THAOBH AN CHOMHSHAOIL DE

I gcomhréir le caighdeáin cháilíochta Erasmus, ní mór d'eagraíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón gclár iompar atá inbhuanaithe agus freagrach ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn i measc na rannpháirtithe, agus feachtas a múscailt faoin tábhacht a bhaineann le gníomhú chun lorg comhshaoil gníomhaíochtaí soghluaisteachta a laghdú nó a chúiteamh. Ba cheart na prionsabail sin a léiriú in ullmhú agus cur chun feidhme gach gníomhaíochta de chuid an chlár, go háirithe trí thacaíocht cistiúcháin shonrach a úsáid, rud a sholáthraítear leis an gclár chun modhanna inbhuanaithe taistil a chur chun cinn. Ba cheart d'eagraíochtaí a sholáthraíonn an t-oideachas agus an oiliúint na prionsabail sin a lánpháirtiú ina n-obair laethúil, agus ba cheart dóibh athrú meoin agus iompair a chur chun cinn go gníomhach i measc na bhfoghlaimoirí agus na mball foirne.

AN CLAOCHLÚ DIGITEACH IN OIDEACHAS AGUS OILIÚINT

I gcomhréir le caighdeáin cháilíochta Erasmus, leis an gClár tacaítear le gach eagraíocht rannpháirteach úsáid uirlisí agus modhanna foghlama digiteacha a ionchorprú chun a ghníomhaíochtaí fisiceacha a chomhlánú, chun feabhas a chur ar an gcomhar idir eagraíochtaí comhpháirteacha, agus chun feabhas a chur ar cháilíocht a bhfoghlama agus a dteagaisc. Ina theannta sin, féadfaidh rannpháirtithe tairbhiú de Chúrsaí Oiliúna sa Deis Dhigiteach: gníomhaíochtaí soghluaisteachta a ligean dóibh scileanna digiteacha a fháil agus a n-inniúlacht chun oiliúint, múineadh agus cúraimí eile a dhéanamh le cúnamh ó uirlisí digiteacha. Féadfar gníomhaíochtaí den sórt sin a eagrú le haon cheann de na formáidí soghluaisteachta do bhaill foirne atá ar fáil.

RANNPHÁIRTÍOCHT SA SAOL DAONLATHACH

Is é is aidhm don chlár cuidiú leis na rannpháirtithe teacht ar na tairbhíthe a bhaineann leis an tsaoránacht agus leis an rannpháirtíocht ghníomhach sa saol daonlathach. Ba cheart do ghníomhaíochtaí soghluaisteachta a fhaigheann tacaíocht scileanna rannpháirtíochta a threisiú i réimsí éagsúla den tsochaí shibhialta, agus i bhforbairt inniúlachtaí sóisialta agus idirchultúrtha, na smaointeoireachta criticiúla agus na litearthachta sna meáin. Aon uair is féidir, le tionscadail ba cheart deiseanna a thairiscint do dhaoine a bheith rannpháirteach sa saol daonlathach chomh maith le deiseanna le haghaidh rannpháirtíocht saoránach agus shóisialta trí ghníomhaíochtaí foghlama foirmiúla nó neamhfhoirmiúla. Tuisctint rannpháirtithe ar an Aontas Eorpach agus ar chomhluachanna Eorpacha, agus meas ar phrionsabail dhaonlathacha, dínit an duine, an aontacht agus an éagsúlacht, idirphlé idirchultúrtha, chomh maith le hoidhreacht shóisialta, chultúrtha agus stairiúil Eorpach san áireamh, ba cheart tuisctint na rannpháirtithe ar na gnéithe sin a fheabhsú trí rannpháirtíocht sna soghluaisteachtaí.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Sa roinn seo léirítear na cineálacha gníomhaíochtaí lenar féidir tacú le cistí Erasmus+, mar chuid de thionscadail ghearrthéarmacha agus de thionscadail chreidiúnaithe araon.

Le haghaidh aon ghníomhaíocht, is féidir tacaíocht bhreise a sholáthar do dhaoine a thionlacann rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu, mionaoisigh, nó daoine fásta óga nach mór maoirseacht a dhéanamh orthu. Is féidir tacú le daoine tionlacain ar feadh fhad iomlán na gníomhaíochta nó ar feadh cuid de sin.

SOGLHUAISTEACHT BALL FOIRNE

Na formáidí atá ar fáil	▪ An scáthfhoghlaím (2 go 60 lá) ▪ Tascanna teagaisc (2 go 365 lá) ▪ Cúrsaí agus oiliúint (2 go 30 lá, uasmhéid de tháillí le haghaidh 10 lá cúrsa in aghaidh an rannpháirtí) I dteannta na soghluaisteachta fisicí, is féidir gach gníomhaíocht soghluaisteachta ball foirne a chumasc le gníomhaíochtaí fíorúla. Tá feidhm leis na faid íosta agus uasta a shonraítear thuas maidir leis an gcomhchuid soghluaisteachta fisicí. Scáthfhoghlaím: féadfaidh rannpháirtithe tréimhse a chaitheamh ag ósteagraíocht i dtír eile agus is é is cuspóir don fhoghlaím cleachtais nua a fhoghlaim agus smaointe nua a bhailiú trí bhreathnóireacht agus idirphlé le piaraí, saineolaithe nó cleachtóirí eile ina n-obair laethúil ag an ósteagraíocht. Tascanna teagaisc nó oiliúna: féadfaidh rannpháirtithe tréimhse teagaisc nó tréimhse ina
--------------------------------	--

	gcuireann siad oiliúint ar fáil d'fhoghlaimoirí a chaitheamh ag ósteagraíocht i dtír eile, mar bhealach chun foghlaim trína gcúraimí a chur i gcrích agus malartú le piaraí. Cúrsaí agus oiliúint: féadfaidh rannpháirtithe tairbhiú de chúrsa struchtúrtha nó d'oiliúint den chineál sin a sholáthraíonn gairmithe cáilithe agus bunaithe ar chlár foghlama agus torthaí foghlama réamhshainithe. Ní mór do rannpháirtithe ó 2 thír éagsúla ar a laghad a bheith rannpháirteach san oiliúint agus ní mór ligean do rannpháirtithe idirghníomhú le foghlaimoirí eile agus leis na hoiliúnóirí san oiliúint sin. Ní thacaítear le gníomhaíochtaí atá go hiomlán neamhghníomhach, cuir i gcás, ag éisteacht le léachtanna, óráidí nó le comhdhálacha móra. Ba cheart d'iarratasóirí a bheith feasach go bhfuil gach soláthraí cúrsa go hiomlán neamhspleách ón gclár Erasmus+ agus go ngníomhaíonn siad mar sholáthraithe seirbhíse ar mhargadh saor. Is freagracht de chuid na heagraíochta is tairbhí í an rogha cúrsaí agus oiliúna dá bhrí sin. Tá na caighdeáin cháilíochta seo a leanas ar fáil mar thacaíocht chun na hiarrthóirí a threorú agus rogha á déanamh acu: https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/resources/quality-standards-courses-under-key-action-1-learning-mobility-individuals_ga
Rannpháirtithe incháilithe	Ar na rannpháirtithe incháilithe tá múinteoirí, ceannairí scoile agus gach saineolaí agus ball foirne eile nach mbíonn i mbun teagaisc agus a oibríonn san oideachas scoile. Ar na baill foirne incháilithe nach mbíonn i mbun teagaisc tá baill foirne a oibríonn san oideachas scoile, bíodh sin i scoileanna (múinteoirí cúnta, comhairleoirí oideolaíochta, síceolaithe, srl.) nó in eagraíochtaí eile atá gníomhach san oideachas scoile (mar shampla cigirí scoile, comhairleoirí, comhordaitheoirí beartais atá i gceannas ar an oideachas scoile, srl.). Ní mór do rannpháirtithe a bheith ag obair san eagraíocht seolta, nó ní mór dóibh a bheith ag obair go tráthrialta leis an eagraíocht seolta chun cuidiú le cur chun feidhme phríomhghníomhaíochtaí na heagraíochta (mar shampla mar oiliúnóirí seachtracha, mar shaineolaithe, nó mar oibreoirí deonacha). I ngach cás, ní mór na cúraimí lena nasctar an rannpháirtí leis an eagraíocht seolta a dhoiciméadú ar bhealach lenar féidir leis an nGníomhaireacht Náisiúnta an nasc sin a fhíorú (mar shampla le conradh oibre nó oibre deonaí, tuairisc ar an gcúram, nó doiciméad comhchosúil). Bunóidh na Gníomhaireachtaí Náisiúnta cleachtas trédhearcach agus comhsheasmhach maidir lena bhfuil i gceist le caidrimh oibre agus doiciméid tacaíochta atá inghlactha ina gcomhthéacs náisiúnta.
Ionaid incháilithe	Ní mór gníomhaíochtaí a reáchtáil ar an gcoigríoch, i mBallstát de chuid an Aontais nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár.

Na formáidí atá ar fáil	▪ Soghluaisteacht grúpa de dhaltáí scoile (2 go 30 lá, ar a laghad dhá dhaltá in aghaidh an ghrúpa) ▪ Soghluaisteacht foghlama ghearrthéarmach do dhaltáí (10 go 29 lá) ▪ Soghluaisteacht foghlama fhadtéarmach do dhaltáí (30 go 365 lá) I dteannta na soghluaisteachta fisicí, is féidir gach gníomhaíocht soghluaisteachta daltaí a chumasc le gníomhaíochtaí fíorúla. Tá feidhm leis na faid íosta agus uasta a shonraítear thuas maidir leis an gcomhchuid soghluaisteachta fisicí. Soghluaisteacht grúpa de dhaltáí scoile: is féidir le grúpa daltaí ón scoil seolta am a chaitheamh i mbun foghlaim lena bpiaraí i dtír eile. Ní mór don scoil seolta na gníomhaíochtaí foghlama a dhearadh i gcomhar le scoil chomhpháirtíochta sa tír óstach⁷¹. Ní mór do mhúinteoirí nó do bhaill foirne oideachais cáilithe eile ón scoil seolta na daltaí a thionlacan ar feadh fhad iomlán na gníomhaíochta agus a bpróiseas foghlama a threorú. Más gá, féadfaidh daoine fásta eile gníomhú mar dhaoine tionlacain freisin chun tacú leis na múinteoirí tionlacain⁷². Soghluaisteacht foghlama ghearrthéarmach de dhaltáí scoile: is féidir le daltaí tréimhse a chaitheamh ar an gcoigríoch chun tabhairt faoi staidéar ag scoil chomhpháirtíochta nó cúrsa oiliúna a dhéanamh ag eagraíocht ábhartha eile ar an gcoigríoch. Ní mór clár foghlama aonair a shainiú le haghaidh gach rannpháirtí. I gcás rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu, is féidir an tsoghluaisteacht a eagrú ar feadh fad íosta 2 lá, má tá údar leis sin. Soghluaisteacht foghlama fhadtéarmach de dhaltáí scoile: is féidir le daltaí tréimhse a chaitheamh ar an gcoigríoch chun tabhairt faoi staidéar ag scoil chomhpháirtíochta nó cúrsa oiliúna a dhéanamh ag eagraíocht ábhartha eile ar an gcoigríoch. Ní mór clár foghlama aonair a shainiú le haghaidh gach rannpháirtí. Ní mór oiliúint réamhimeachta éigeantacha a sholáthar do na rannpháirtithe uile agus cuirfear tacaíocht maoinithe bhreise ar fáil le haghaidh tacaíocht eagraíochtúil agus teanga.
Rannpháirtithe incháilithe	Ní mór do dhaltáí rannpháirteacha a bheith cláraithe i gclár oideachais ag an scoil seolta⁷³. Féadfaidh daltaí a fhaigheann scolaíocht lasmuigh de shuíomh institiúideach i dtíortha a bhfuil an cleachtas sin iontu a bheith rannpháirteach freisin⁷⁴.

⁷¹ Cláir gníomhaíochtaí grúpa ina mbíonn gníomhaíochtaí tráchtála ar fáil agus an cineál gníomhaíochta sin, nó an cineál gníomhaíochta sin go príomha, cuir i gcas cúrsaí i scoil teanga nó gníomhaíochtaí 'réamhdhéanta', níl siad incháilithe. Féadfaidh turais chomhpháirteacha chuig an dúlra, ionaid chultúrtha, comórtais idirnáisiúnta nó inneachar ábhartha eile a bheith mar chuid den ghníomhaíocht má tá sé leabaithe i gclár piarfhoghlama níos leithne a dhear an dá scoil.

⁷² I ngach cás, fanfaidh na scoileanna seolta agus óstacha freagrach as cinntiú go n-urramaítear na rialacha agus na dlíthe uile is infheidhme sna tíortha seolta agus óstacha.

⁷³ Is é an tÚdarás Náisiúnta inniúil i ngach Ballstát de chuid an Aontais nó tíre atá comhlachaithe leis an gClár a dhéanfaidh na cláir oideachais a shainiú agus foilseofar ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Náisiúnta ábhartha iad.

Ionaid incháilithe	Ní mór gníomhaíochtaí a reáchtáil ar an gcoigríoch, i mBallstát de chuid an Aontais nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Ní mór soghluaisteacht grúpa de dhaltáí scoile a reáchtáil ag scoil óstach. Go heisceachtúil, féadfar gníomhaíochtaí a dhéanamh ag ionad eile i dtír na scoile óstaí, má tá údar leis sin i bhfianaise inneachar agus cháilíocht na gníomhaíochta. Sa chás sin, ní chuirfear taisteal rannpháirtithe ón scoil óstach chuig an ionad san áireamh mar ghníomhaíocht soghluaisteachta trasnáisiúnta. Ní féidir cistí breise a iarraidh chuige sin dá bhrí sin. Ina theannta sin, féadfar soghluaisteacht daltaí a dhéanamh ag suíomh Institiúide de chuid an Aontais Eorpaigh má eagraítear an ghníomhaíocht ag nó i gcomhar le hinstitiúid de chuid an Aontais⁷⁵. Gan beann ar an ionad, ní mór daltaí ó 2 Bhallstát ar a laghad de chuid an Aontais nó ó 2 thír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí grúpa.
----------------------------------	---

GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE LENA DTACAÍTEAR

Na formáidí atá ar fáil	▪ Saineolaithe dá dtugtar cuireadh (2 go 60 lá) ▪ Múinteoirí agus oideoirí faoi oiliúint a óstáil (10 go 365 lá) Saineolaithe dá dtugtar cuireadh: is féidir le scoileanna cuireadh a thabhairt d'oiliúinóirí, múinteoirí,aineolaithe beartais nó gairmithe cáilithe eile ón gcoigríoch, ar daoine iad ar féidir leo feabhas a chur ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim sa scoil óstach. Mar shampla, féadfaidhaineolaithe dá dtugtar cuireadh oiliúint a sholáthar do bhaill foirne na scoile, modhanna teagaisc nua a léiriú nó cuidiú le dea-chleachtais a aistriú ó thaobh cúrsaí eagrúcháin agus bainistíochta de. Múinteoirí agus oideoirí faoi oiliúint a óstáil: is féidir le heagraíochtaí is iarratasóirí múinteoirí faoi oiliúint, ar mian leo tréimhse cúrsa oiliúna a dhéanamh ar an gcoigríoch, a óstáil. Gheobhaidh an ósteagraíocht tacaíocht chun an ghníomhaíocht a chur ar bun, bíodh agus gur cheart an tacaíocht taistil agus aonair a bheith á soláthar don rannpháirtí ag an institiúid seolta (ar féidir léi iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú Erasmus+ chun na críche sin).
---------------------------------------	---

⁷⁴ Tá an dlíthiúlacht agus na coinníollacha le haghaidh scolaíocht lasmuigh de shuíomh institiúideach rialaithe ag an reachtaíocht náisiúnta i ngach tír. I dtíortha ina bhfuil féidearthachtaí den sórt sin iontu, cinntídh an tÚdarás Náisiúnta cé hiad na scoileanna a bhféadfaidh gníomhú mar scoileanna seolta le haghaidh daltaí a fhaigheann scolaíocht ar an mbealach sin.

⁷⁵Is iad an Bhruiséil, Frankfurt, Lucsamburg, Strasbourg, agus an Háig suíomhanna Institiúidí an Aontais Eorpaigh. Measfar gníomhaíochtaí ag suíomh an Aontais Eorpaigh a bheith mar shoghluaisteacht thrasnáisiúnta agus féadfar iarraidh ar mhaoiniú (mar a dhéantar tuairisc air sa roinn 'Cad iad na rialacha maoinithe?') a dhéanamh le haghaidh gach rannpháirtí, gan beann ar a dtír tionscnaimh.

Rannpháirtithe incháilithe	Aon duine ó Bhallstát eile de chuid an Aontais nó ó thír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár ar féidir saineolas atá ábhartha i leith riachtanais agus chuspóirí na heagraíochta a thugann cuireadh dóibh a sholáthar, is féidir leo a bheith ina saineolaithe dá dtugtar cuireadh. Tá óstáil múinteoirí agus oideoirí faoi oiliúint ar fáil le haghaidh rannpháirtithe atá cláraithe i gclár oideachais múinteoirí nó rannpháirtithe ar céimithe nua⁷⁶ de chuid clár den chineál sin iad (nó i gclár oideachais comhchosúil le haghaidh oiliúnóirí nó oideoirí) i mBallstát eile an Aontais nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár.
Ionaid incháilithe	Is í an eagraíocht is tairbhí (lena n-áirítear comhaltaí cuibhreannais) a fheidhmíonn i gcónaí mar ionad na saineolaithe agus na múinteoirí faoi oiliúint dá dtugtar cuireadh.

Cuairteanna ullmhúcháin

Céard is cuairt ullmhúcháin ann?	Is éard is cuairt ullmhúcháin ann cuairt a thugann baill foirne ón eagraíocht seolta ar ósteagraíocht ionchasach agus is é is cuspóir don chuairt ullmhú le haghaidh gníomhaíocht soghluaisteachta foghlaimeora nó foirne ar bhealach níos fearr.
Cathain is féidir cuairt ullmhúcháin a eagrú?	Ní mór réasúnaíocht shoiléir a bheith mar bhonn le gach cuairt ullmhúcháin agus ní mór feabhas a chur ar chuimsitheacht, raon feidhme agus cáilíocht na ngníomhaíochtaí soghluaisteachta leo sin. Mar shampla, is féidir cuairteanna ullmhúcháin a eagrú chun gur fearr is féidir soghluaisteacht rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu a ullmhú, chun tosú ar oibriú le heagraíocht chomhpháirtíochta nua, nó chun gníomhaíochtaí soghluaisteachta níos faide a ullmhú. Féadfar cuairteanna ullmhúcháin a eagrú ag ullmhú le haghaidh aon chineáil soghluaisteachta foghlama nó foirne, cé is moite de ‘chúrsaí agus oiliúint’.
Cé atá in ann a bheith páirteach i gcuart ullmhúcháin?	Is féidir le haon duine atá incháilithe le haghaidh gníomhaíochtaí soghluaisteachta ball foirne agus ag a bhfuil baint le heagrú an tionscadail cuairteanna ullmhúcháin a dhéanamh. Go heisceachtúil, féadfaidh foghlaimeoirí a ghlacfaidh páirt sa tsoghluaisteacht foghlama fhadtéarmach agus rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu in aon chineál gníomhaíochta páirt a ghlacadh i gcuarteanna ullmhúcháin le haghaidh a ngníomhaíochtaí. Féadfaidh uasmhéid de thriúr a bheith rannpháirteach i gcuart ullmhúcháin, agus féadfar uasmhéid de chuairt ullmhúcháin amháin a eagrú le haghaidh gach eagraíochta óstaí.

⁷⁶ Tá céimithe nua incháilithe chun bheith rannpháirteach ar feadh suas le 12 mhí tar éis bhronnadh a gcéime. I gcás ina mbeidh seirbhís shibhialta nó mhíleata éigeantach á comhlíonadh ag na rannpháirtithe tar éis bhronnadh na céime, déanfar an tréimhse incháilitheachta a fhadú de réir fhad na seirbhíse sin.

Cén áit a bhféadfar dul ar chuairteanna ullmhúcháin?	Déantar cuairteanna ullmhúcháin ag áitreabh na heagraíochta óstaí, nó ag aon ionad eile ina mbeartaítear gníomhaíochtaí soghluaisteachta a dhéanamh. Na rialacha atá infheidhme maidir le hionaid ghníomhaíochtaí foirne agus soghluaisteachta, tá feidhm acu maidir le cuairteanna ullmhúcháin atá nasctha leis na gníomhaíochtaí sin freisin.
---	---

TIONSCADAIL GHEARRTHÉARMACHA LE HAGHAIDH SOGHLUAISTEACHT DALTAÍ AGUS BALL FOIRNE SAN OIDEACHAS SCOILE

Is ionann tionscadail ghearrthéarmacha le haghaidh soghluaisteacht daltaí agus ball foirne agus bealach furasta agus simplí chun tairbhiú de Erasmus+. Is é is cuspóir dóibh deis a thabhairt d'eagraíochtaí cúpla gníomhaíocht a eagrú ar bhealach éasca agus taithí a fháil sa chlár.

Chun bheith simplí i gcónaí, áirítear teorainn i dtionscadail ghearrthéarmacha leis an líon rannpháirtithe agus le fad an tionscadail. Níl an fhormaid oscailte ach amháin d'eagraíochtaí aonair agus níl sí oscailte do chomhordaitheoirí cuibhreannais. Ní féidir le heagraíochtaí creidiúnaithe iarratas a dhéanamh ar thionscadail ghearrthéarmacha ós rud é go bhfuil rochtain bhuan acu ar mhaoiniú Erasmus+ cheana féin.

San iarratas ar thionscadail ghearrthéarmacha áirítear liosta de na gníomhaíochtaí, agus tuairisc orthu, a bhfuil plean ag an eagraíocht is iarratasóir iad a eagrú.

CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Eagraíochtaí incháilithe: cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Tá na heagraíochtaí seo a leanas incháilithe⁷⁷ le hiaratas a dhéanamh: (1) Scoileanna a sholáthraíonn an t-oideachas ginearálta ar an leibhéal réamh- bhunscoile, bunscoile nó meánscoile⁷⁸ (2) Údaráis phoiblí áitiúla agus réigiúnacha, comhlachtaí comhordúcháin agus eagraíochtaí eile ag a bhfuil ról i réimse an oideachais scoile Ní féidir le heagraíochtaí a bhfuil creidiúnú Erasmus san oideachas scoile acu iarratas a dhéanamh ar thionscadail ghearrthéarmacha.
Tíortha incháilithe	Ní mór d'eagraíochtaí is iarratasóir a bheith bunaithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár.
Cén áit ar féidir iarratas a chur isteach?	Cuirtear iarratais faoi bhráid Gníomhaireacht Náisiúnta na tíre ina bhfuil an eagraíocht is iarratasóir bunaithe.

⁷⁷ Is é an tÚdarás Náisiúnta inniúil i ngach Ballstát de chuid an Aontais nó tír atá comhlachaithe leis an gClár a dhéanfaidh na heagraíochtaí incháilithe a shainiú agus foilseofar ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Náisiúnta ábhartha iad mar aon le samplaí ábhartha.

⁷⁸ Eagraíochtaí a sholáthraíonn oideachas agus cúram na luath-óige san áireamh. Eagraíochtaí ag a bhfuil stádas speisialta agus atá faoi mhaoirseacht na n-údarás áitiúil i dtír eile (mar shampla Lycée français nó scoileanna Gearmánacha), d'fhéadfadh go mbeadh orthu iarratas a chur isteach chuig Gníomhaireacht Náisiúnta na tíre maoirseachta. Chun eolas beacht a fháil ar gach cás, déan teagmháil leis an nGníomhaireacht Náisiúnta sa tír óstach nó sa tír ina bhfuil an t-údarás náisiúnta ábhartha.

Sprioc- amanna le haghaidh iarratas	Babhta 1 (le haghaidh na nGníomhaireachtaí Náisiúnta uile): An 23 Feabhra ar 12:00:00 (meán lae am na Bruiséile) Babhta 2: Féadfaidh Gníomhaireachtaí Náisiúnta cinneadh a dhéanamh chun dara sprioc- am a oscailt (Babhta 2). Sa chás sin, cuirfidh an Gníomhaireacht Náisiúnta na rannpháirtithe ar an eolas faoi trína suíomh gréasáin. Le haghaidh Bhabhta 2, ní mór d'iarratasóirí a n-iarratais a chur isteach faoin 4 Deireadh Fómhair ar 12:00:00 (meán lae am na Bruiséile).
Dátaí tosaigh le haghaidh tionscadal	Is féidir na dátaí tosaigh seo a leanas a roghnú le haghaidh tionscadal: ▪ Babhta 1: idir an 1 Meitheamh agus an 31 Nollaig sa bhliain chéanna ▪ Babhta 2 (má tá sé oscailte): idir an 1 Eanáir agus an 31 Bealtaine an bhliain ina dhiaidh sin
Fad tionscadal	Ó 6 mhí go 18 mí
An líon iarratas	In aghaidh an bhabhta roghnúcháin, ní fhéadfaidh eagraíocht iarratas a dhéanamh ach ar aon tionscadal gearrthéarmach amháin i réimse an oideachais scoile. Eagraíochtaí a fhaigheann deontas ar thionscadal gearrthéarmach faoin gcéad bhabhta iarratas, ní fhéadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar an dara babhta den ghlaó céanna ar thograí. Laistigh d'aon tréimhse 5 bliana as a chéile ina n-eisítear glao, féadfaidh eagraíochtaí trí dheontas ar a mhéad a fháil le haghaidh tionscadail ghearrthéarmacha san oideachas scoile. Ní áirítear deontais a fuarthas sa tréimhse 2014-2020 sa teorainn sin.
Gníomhaíochtaí incháilithe	Gach cineál gníomhaíochta le haghaidh an oideachais scoile. Chun teacht ar liosta mionsonraithe agus ar na rialacha, féach an roinn 'Gníomhaíochtaí'. Chun bheith incháilithe, ní mór gníomhaíocht soghluaisteachta baill foirne nó foghlaimeora ar a laghad a bheith san áireamh in iarratais.
Raon feidhme tionscadal	In iarratas ar thionscadal gearrthéarmach, is féidir 30 rannpháirtí ar a mhéad a áireamh i ngníomhaíochtaí soghluaisteachta. Ní áireofar cuairteanna ullmhúcháin ná rannpháirtíocht daoine tionlacain sa teorainn sin.
Eagraíochtaí tacaíochta	Is éard atá in eagraíocht tacaíochta eagraíocht a chuidíonn le heagraíocht is tairbhí i ngnéithe praiticiúla de thionscadal a chur chun feidhme, gnéithe nach mbaineann le cúraimí lárnacha tionscadail (mar a shainmhínítear i gcaighdeáin cháilíochta Erasmus). Féadfaidh aon eagraíocht atá gníomhach i réimse an oideachais agus na hoiliúna a bheith ina heagraíocht tacaíochta. Ní mór ról agus oibleagáidí na n-eagraíochtaí tacaíochta a bheith sainithe go foirmiúil eatarthu féin agus an eagraíocht is tairbhí. Gníomhaíonn an eagraíocht tacaíochta faoi mhaoirseacht na heagraíochta tairbhithe, agus fanann an eagraíocht tairbhí freagrach as torthaí agus cáilíocht na ngníomhaíochtaí a cuireadh chun feidhme. Ní mór do na rannchuidithe uile de chuid eagraíochtaí tacaíochta a bheith i gcomhréir le caighdeáin cháilíochta Erasmus.

CRITÉIR DHÁMHACHTANA

Déanfar measúnú ar na hiarratais a chuirtear isteach trí phointí as 100 ar an iomlán a shannadh, bunaithe ar na critéir dhámhachtana agus ar na hualuithe thíos. Le bheith curtha san áireamh le haghaidh dámhachtana, ní mór na tairseacha seo a leanas a bhaint amach leis na hiarratais:

- Ar a laghad 60 pointe as 100 pointe ar an iomlán, agus
- Ar a laghad leath na bpointí scóir uasta i ngach ceann de na trí chatagóir le haghaidh critéir dhámhachtana

Ábharthacht (scór uasta 30 pointe)	A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh: ▪ tá próifíl, taithí agus gníomhaíochtaí an iarratasóra chomh maith le spriocphobal na bhfoghlaimoirí ábhartha i leith réimse an oideachais scoile ▪ tá togra an tionscadail ábhartha i leith chuspóirí na gníomhaíochta ▪ tá togra an tionscadail ábhartha i leith na dtosaíochtaí sonracha seo a leanas: – tacaíocht a thabhairt do nuatheachtaithe agus d’eagraíochtaí ag a bhfuil níos lú taithí – tacaíocht a thabhairt do rannpháirtithe i soghluaisteacht foghlama fhadtéarmach do dhaltai – tacaíocht a thabhairt do rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu
Cáilíocht dhearadh an tionscadail (scór uasta 40 pointe)	A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh: ▪ i gculpóirí an tionscadail a mholtar tugtar aghaidh ar riachtanais na heagraíochta is iarratasóir, ar riachtanais a ball foirne agus ar riachtanais na bhfoghlaimoirí agus déantar amhlaidh ar bhealach atá soiléir agus coincreíteach ▪ tá inneachar na ngníomhaíochtaí a mholtar agus an chothromaíocht idir cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí iomchuí chun cuspóirí an tionscadail a bhaint amach ▪ tá plean oibre soiléir i bhfeidhm le haghaidh gach ceann de na gníomhaíochtaí a mholtar ▪ sa tionscadal ionchorpraítear cleachtais atá inbhuanaithe agus freagrach ó thaobh an chomhshaoil de ▪ sa tionscadal ionchorpraítear úsáid modhanna foghlama agus uirlisí digiteacha (ríomhnascadh go háirithe) chun na gníomhaíochtaí soghluaisteachta fisicí a chomhlánú, agus chun feabhas a chur ar an gcomhar le heagraíochtaí comhpháirtíochta
Cáilíochtaí na ngníomhaíochtaí leantacha (scór uasta 30 pointe)	A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh: ▪ rinne an t-iarratasóir na cúraimí agus na freagrachtaí le haghaidh seachadadh gníomhaíochtaí a shainiú ar bhealach soiléir i gcomhréir le caighdeáin cháilíochta Erasmus ▪ tá bearta nithiúla agus loighciúla molta ag an iarratasóir chun torthaí na ngníomhaíochtaí soghluaisteachta a lánpháirtiú in obair thráthrialta na heagraíochta ▪ tá bealach iomchuí molta ag an iarratasóir chun meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí an tionscadail ▪ tá bearta nithiúla agus éifeachtacha molta ag an iarratasóir chun torthaí an tionscadail a chur in iúl laistigh den eagraíocht is iarratasóir, chun na torthaí a chomhroinnt le heagraíochtaí eile agus leis an bpobal, agus chun aitheantas a thabhairt go poiblí do mhaoiniú an Aontais Eorpaigh

TIONSCADAIL CHREIDIÚNAITHE LE HAGHAIDH SOGHLUAISTEACHT DALTAÍ AGUS BALL FOIRNE SAN OIDEACHAS SCOILE

Is féidir le heagraíochtaí a bhfuil creidiúnú Erasmus san oideachas scoile acu iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú mar chuid de shnáithe cistiúcháin speisialta atá oscailt dóibh, agus dóibhsean amháin. Tá iarratais bunaithe ar an bPlean Erasmus a formheasadh roimhe sin, mar sin, níl gá le liosta mionsonraithe de na gníomhaíochtaí pleanáilte, ná le tuairisc mhionsonraithe orthu. Ina ionad sin, díritear sna hiarratais ar an mbuiséad is gá le haghaidh an chéad tacaí gníomhaíochtaí eile a mheas.

Critéir incháilitheachta

Eagraíochtaí incháilithe: cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Tá eagraíochtaí a a bhfuil creidiúnú Erasmus bailí san oideachas scoile acu incháilithe le hiarratas a dhéanamh.
Cuibhreannas soghluaisteachta	Ní mór d'eagraíochtaí a bhfuil creidiúnú Erasmus do chomhordaitheoirí cuibhreannais soghluaisteachta acu iarratas a dhéanamh ar an bhformáid cuibhreannais soghluaisteachta. Ní mór liosta de na comhaltaí cuibhreannais soghluaisteachta a sholáthar mar chuid den iarratas agus ní mór eagraíocht is iarratasóir amháin ar a laghad a bheith san áireamh ann i dteannta an chomhordaitheora. Is féidir le haon eagraíocht a chomhlíonann na critéir incháilitheachta le haghaidh chreidiúnú Erasmus sa réimse céanna teacht chun bheith ina comhalta de chuibhreannas soghluaisteachta. Ní mór do gach eagraíocht phleanáilte is comhalta den chuibhreannas a bheith ón mBallstát céanna de chuid an Aontais nó ón tír chéanna nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár leis an gcomhordaitheoir cuibhreannais soghluaisteachta.⁷⁹ Ní gá do chomhaltaí cuibhreannais creidiúnú Erasmus a bheith acu. Is féidir le heagraíochtaí a ghlacann páirt i gcuibhreannas soghluaisteachta maoiniú a fháil chun dhá chomhaontú deontais ar a mhéad de chuid Phríomhghníomhaíocht 1 a chur chun feidhme i réimse an oideachais scoile faoin nGlaó céanna ar thograí. Dá bhrí sin, is féidir le heagraíochtaí oideachais scoile a fhaigheann deontas le haghaidh tionscadal gearrthéarmach nó tionscadal creidiúnaithe páirt a ghlacadh ina theannta sin i gcuibhreannas soghluaisteachta, agus é sin amháin, san oideachas scoile ina gcáil mar eagraíochtaí is comhaltaí. Is féidir le heagraíochtaí eile páirt a ghlacadh i suas le dhá chuibhreannas soghluaisteachta.
Cén áit ar féidir iarratas a chur isteach?	Cuirtear iarratais faoi bhráid Ghníomhaireacht Náisiúnta na tíre ina bhfuil an eagraíocht is iarratasóir bunaithe.

⁷⁹ Scoileanna ag a bhfuil stádas speisialta agus atá faoi mhaoirseacht na n-údarás náisiúnta i dtíre eile (m.sh. Lycée français nó scoileanna Gearmánacha), féadfaidh siad a bheith rannpháirteach i gcuibhreannas soghluaisteachta atá teoraithe ag eagraíochtaí atá creidiúnaithe ag an nGníomhaireacht Náisiúnta i dtír maoirseachta na scoile. Mar sin féin, ní fhéadfaidh siad a bheith rannpháirteach i gcuibhreannas ná tionscadal gearrthéarmach a bhainistíonn Údarás Náisiúnta in dhá thír éagsúla.

Sprioc- am le haghaidh iarratas	An 23 Feabhra ar 12:00:00 (meán lae am na Buiséile)
Dáta tosaigh le haghaidh tionscadal	An 1 Meitheamh sa bhliain chéanna
Fad tionscadal	Mairfidh na tionscadail chreidiúnaithe uile ar feadh 15 mhí ar dtús. Tar éis 12 mhí, beidh na tairbhíthe uile in ann a dtionscadal a fhadú ar feadh 24 mhí san iomlán.
An líon iarratas	Ní fhéadfaidh eagraíochtaí creidiúnaithe iarratas a dhéanamh ach uair amháin in aghaidh an bhabhta roghnúcháin.
Gníomhaíochtaí incháilithe	Gach cineál gníomhaíochta le haghaidh an oideachais scoile. Chun teacht ar liosta mionsonraithe agus ar na rialacha, féach an roinn 'Gníomhaíochtaí'. Chun bheith incháilithe, ní mór gníomhaíocht soghluaisteachta baill foirne nó foghlaimeora ar a laghad a bheith san áireamh in iarratais.
Raon feidhme tionscadal	Níl teorainn leis an líon rannpháirtithe is féidir a áireamh i dtionscadail chreidiúnaithe, cé is moite d'aon teorainn a shainítear i gcéim leithdháilte an bhuiséid.

LEITHDHÁILEADH AN BHUISÉID

Rinneadh measúnú ar cháilíocht an phlean Erasmus de chuid an iarratasóra i gcéim an iarratais creidiúnúcháin agus dá bhrí sin ní dhéanfar aon mheasúnú cáilíochtúil i gcéim leithdháileadh an bhuiséid. Gheobhaidh gach iarratas incháilithe ar dheontas cistiú.

Beidh an méid deontais a dhámhtar ag brath ar roinnt gnéithe:

- an buiséad iomlán atá ar fáil chun leithdháileadh a dhéanamh ar iarratasóirí creidiúnaithe
- na gníomhaíochtaí a iarradh (agus an buiséad measta is gá chun iad a chur chun feidhme san áireamh)
- an deontas bunúsach agus uasta
- na critéir leithdháilte seo a leanas: feidhmíocht an iarratasóra, tosaíochtaí beartais, agus cothromaíocht gheografach (má chuireann an Gníomhaireacht Náisiúnta an méid sin i bhfeidhm)

Rialacha mionsonraithe maidir le deontas bunúsach agus uasta, scóráil na gcritéir leithdháilte, ualú gach critéir, an modh leithdháilte agus, an buiséad atá ar fáil le haghaidh tionscadail chreidiúnaithe, foilseoidh an Gníomhaireacht Náisiúnta iad roimh sprioc- am an ghlaio.

CAD IAD NA RIALACHA CISTIÚCHÁIN ATÁ ANN?

Tá feidhm ag na rialacha maoiniúcháin seo a leanas maidir le tionscadail ghearrthéarmacha agus tionscadail chreidiúnaithe.

Catagóir bhuiséid	Costais incháilithe agus rialacha is infheidhme	Méid
-------------------	---	------

Tacaíocht eagraíochtúil	Costais atá nasctha go díreach le cur chun feidhme gníomhaíochtaí soghluaisteachta nach gcumhdaítear le catagóirí eile costais. Mar shampla: rannpháirtithe a ullmhú (ar bhealach oideolaíoch, idirchultúrtha agus eile), meantóireacht agus monatóireacht a dhéanamh orthu agus tacaíocht a thabhairt dóibh le linn na soghluaisteachta, na seirbhísí chomh maith leis na huirlisí agus an trealamh is gá le haghaidh comhchodanna fíorúla i ngníomhaíochtaí cumaisc, torthaí foghlama a aithint, torthaí a chomhroinnt agus maoiniú an Aontais Eorpaigh a chur in iúl don phobal. Le tacaíocht eagraíochtúil cumhdaítear na costais atá tabhairthe ag an eagraíocht seolta agus ag an ósteagraíocht araon (seachas i gcás soghluaisteacht ball foirne le haghaidh cúrsaí agus oiliúna). Tiocfaidh an dá eagraíocht ar chomhaontú maidir leis an deontas a fuarthas a roinnt. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an líon rannpháirtithe.	EUR 100 – In aghaidh an dalta i soghluaisteacht grúpa, le méid uasta EUR 1 000 in aghaidh an ghrúpa – In aghaidh an rannpháirtí i soghluaisteacht ball foirne le haghaidh cúrsaí agus oiliúna – In aghaidh an tsaineolaí dá dtugtar cuireadh – In aghaidh an mhúinteora nó an oideora faoi oiliúint a óstáiltear		
		EUR 350; EUR 200 tar éis 100 rannpháirtí sa chineál gníomhaíochta céanna – In aghaidh an rannpháirtí i soghluaisteacht foghlama ghearrthéarmach do dhaltáí – In aghaidh an rannpháirtí i soghluaisteacht ball foirne le haghaidh na scáthfhoghlama agus tascanna teagaisc nó oiliúna		
		EUR 500 – In aghaidh an rannpháirtí i soghluaisteacht foghlama fhadtéarmach do dhaltáí		
Taisteal	Ranníocaíocht le costais taistil fillte rannpháirtithe agus daoine tionlacain óna n-áit bhunaidh chuig ionad na gníomhaíochta. Ina theannta sin: ranníocaíocht leis na costais taistil fillte ar rannpháirtithe agus ar dhaoine tionlacain óna n-áit bhunaidh chuig an ionad oiliúna réamhimeachta le haghaidh daltaí sa tsoghluaisteacht fhadtéarmach.	Achar taistil	Taisteal caighdeánach	Taisteal glas
		10 – 99 km	EUR 23	
		100 – 499 km	EUR 180	EUR 210
		500 – 1 999 km	EUR 275	EUR 320
		2 000 – 2 999 km	EUR 360	EUR 410

	Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid.	3 000 – 3 999 km	EUR 530	EUR 610	
	Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an achar taistil agus ar an líon daoine.	4000 – 7999 km	EUR 820		
	Ní mór don iarratasóir an t-achar aeir idir an áit bhunaidh agus ionad na gníomhaíochta a léiriú ⁸⁰ tríd an áireamhán achair lena dtacaíonn an Coimisiún Eorpach a úsáid ⁸¹ .	8 000 km nó níos mo	EUR 1500		
Tacaíocht aonair	Costais chothaithe le haghaidh rannpháirtithe agus daoine tionlacain ⁸² le linn na gníomhaíochta.	Catagóir rannpháirtithe	Grúpa tíortha 1	Grúpa tíortha 2	Grúpa tíortha 3
	Más gá: tá costais chothaithe incháilithe le haghaidh am taistil roimh an ngníomhaíocht agus ina diaidh, le 2 lá taistil ar a mhéad le haghaidh rannpháirtithe agus daoine tionlacain a fhaigheann deontas taistil chaighdeánaigh, agus 6 lá taistil ar a mhéad le haghaidh rannpháirtithe i gcás deontais taistil ghlais.	Baill foirne	EUR 101 - 180	EUR 90 - 160	EUR 79 - 140
	Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid.	Daltaí scoile	EUR 45 - 80	EUR 39 - 70	EUR 34 - 60
	Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an líon daoine, ar fhad an fhanachta agus ar an tír óstach ⁸³ .	Is bonnrátaí iad na rátaí thuas in aghaidh an lae gníomhaíochta. Déanfaidh gach gníomhaireacht náisiúnta cinneadh i dtaobh na mbonnrátaí beachta laistigh de na raonta a cheadaítear. Íoctar an bonnráta suas leis an 14ú lá den ghníomhaíocht. Ón 15ú lá gníomhaíochta, beidh an ráta is iníoctha cothrom le 70 % den bhonnráta. Slánófar na rátaí iníoctha go dtí an euro iomlán is gaire.			
Tacaíocht chuimsiúcháin	Tacaíocht chuimsiúcháin d’eagraíochtaí: Costais a bhaineann le gníomhaíochtaí soghluaisteacha a eagrú do rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais	EUR 100 in aghaidh an rannpháirtí			

⁸⁰ Mar shampla, má bhíonn duine ó Mhaidrid (na Spáinne) ag glacadh páirt i ngníomhaíocht atá á reáchtáil sa Róimh (an Iodáil), déanfaidh an t-iarratasóir an t-achar ó Mhaidrid go dtí an Róimh a ríomh (1 365.28 KM) agus ansin roghnóidh an t-iarratasóir an banda achair taistil is infheidhme (is é sin, idir 500 agus 1 999 km).

⁸¹ https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/resources/distance-calculator_ga

⁸² I gcás daoine tionlacain, tá feidhm leis na rátaí foirne. I gcásanna eisceachtúla, i gcás inar gá don duine tionlacain fanacht ar an gcoigríoch ar feadh tréimhse is faide ná 60 lá, tacófar le costais chothaithe bhreise lastall den 60ú lá faoin gceannnteideal buiséid ar a dtugtar ‘Tacaíocht chuimsiúcháin’.

⁸³ Grúpaí na dtíortha óstacha:

Grúpa tíortha 1: An Danmhairg, Éire, an Fhionlainn, an Iorua, an Íoslainn, Lichtinstéin, Lucsamburg, an tSualainn;

Grúpa tíortha 2: An Bheilg, an Chipir, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, Málta, an Ostair, an Phortaingéil, an Spáinn;

Grúpa tíortha 3: An Bhulgáir, an Chróit, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, an Mhacadóin Thuaidh, Poblacht na Seice, an Pholainn, an Rómáin, an tSeirbia, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Tuirc, an Ungáir

	aonaid Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an líon rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu	
	Tacaíocht chuimsiúcháin le haghaidh rannpháirtithe: Costais bhreise atá nasctha go díreach le rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu agus leis na daoine atá á dtionlacan (lena n-áirítear costais taistil agus chothaithe a bhfuil údar leo mura n-iarrtar deontas le haghaidh na rannpháirtithe sin trí na catagóirí buiséid ar a dtugtar ‘Taisteal’ agus ‘Tacaíocht aonair’). Sásra maoiniúcháin: fórchostais. Riail maidir le leithdháileadh: ní mór don iarratasóir údar a thabhairt leis an iarraidh agus ní mór don Ghníomhaireacht Náisiúnta í a fhormheas.	100 % de chostais incháilithe
Cuairteanna ullmhúcháin	Costais taistil agus chothaithe le haghaidh rannpháirtíocht i gcuairt ullmhúcháin. Sásra maoiniúcháin: costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an líon rannpháirtithe.	EUR 575 in aghaidh an rannpháirtí, agus trí rannpháirtí ann ar a mhéad in aghaidh na cuairte
Táillí cúrsa	Costais lena gcumhdaítear táillí clárúcháin le haghaidh formáid soghluaisteachta baill foirne ‘Cúrsaí agus oiliúint’. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar fhad na gníomhaíochta.	EUR 80 in aghaidh an rannpháirtí in aghaidh an lae; féadfaidh ball foirne aonair EUR 800 ar a mhéad a fháil i dtáillí cúrsa laistigh de chomhaontú deontais amháin.
Tacaíocht teanga	Costais a bhaineann le hábhair foghlama teanga agus oiliúint a sholáthar do rannpháirtithe ar gá dóibh feabhas a chur ar an eolas atá acu ar an teanga a úsáidfí siad chun tabhairt faoi staidéar nó oiliúint a fháil le linn a ngníomhaíochta. Tá tacaíocht teanga incháilithe le haghaidh rannpháirtithe i soghluaisteacht baill foirne atá	EUR 150 in aghaidh an rannpháirtí Ina theannta sin: EUR 150 de thacaíocht threisithe teanga in aghaidh an rannpháirtí i soghluaisteacht foghlama fhadtéarmach daltaí

	níos faide ná 30 lá agus i ngníomhaíocht soghluaisteachta aonair ghearrthéarmach agus fhadtéarmach foghlaimoirí. Níl tacaíocht iníoctha ach amháin mura bhfuair an rannpháirtí Tacaíocht Teanga ar Líne mar gheall nach bhfuil an teanga nó an leibhéal a éilítear ar fáil. Níl feidhm ag an gcoinníoll deiridh maidir le tacaíocht threisithe a sholáthraítear le haghaidh rannpháirtithe i soghluaisteacht foghlama fhadtéarmach daltaí. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an líon rannpháirtithe.	
Costais eisceachtúla	Costais chun ráthaíocht airgeadais a thabhairt, má iarrann an Ghníomhaireacht Náisiúnta sin. Costais taistil chostasaigh na rannpháirtithe agus na ndaoine atá á dtionlacan nach féidir tacú leo leis an gcatagóir 'Taisteal' agus é caighdeánach, de dheasca iargúlacht gheografach nó bacainní eile. Víosa agus costais a bhaineann le víosa, ceadanna cónaithe, vacsaínithe agus deimhnithe leighis. Sásra maoiniúcháin: fíorchostais. Riail maidir le leithdháileadh: ní mór don iarratasóir údar a thabhairt leis an iarraidh agus ní mór don Ghníomhaireacht Náisiúnta í a fhormheas. Tá feidhm ag taisteal costasach i gcásanna nach gcumhdaíonn an tacaíocht taistil bunaithe ar chostas aonaid 70 % de chostais taistil na rannpháirtithe.	Costais maidir le ráthaíocht airgeadais: 80 % de chostais incháilithe Costais taistil chostasaigh: 80 % de chostais taistil incháilithe Víosa agus costais a bhaineann le víosa, ceadanna cónaithe, vacsaínithe agus deimhnithe leighis: 100 % de chostais incháilithe

AN TSOGLUAISTEACHT LE HAGHAIDH BAILL FOIRNE SAN OIDEACHAS AOSACH

Leis an ngníomhaíocht seo tacaítear le soláthraithe oideachais aosaigh agus le heagraíochtaí eile atá gníomhach i réimse an oideachais aosaigh ar mian leo gníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlama a eagrú le haghaidh foghlaiméir fásta agus baill foirne san oideachas aosach.

Tacaítear le réimse leathan gníomhaíochtaí, lena n-áirítear an scáthfhoghlaim agus cúrsaí forbartha gairmiúla le haghaidh baill foirne, soghluaisteacht aonair agus grúpa le haghaidh foghlaiméir fásta ar lú na deiseanna atá acu (go háirithe foghlaiméirí fásta nach bhfuil mórán scileanna acu), saineolaithe dá dtugtar cuireadh, agus gníomhaíochtaí eile mar a mhínítear thíos.

Ba cheart do na heagraíochtaí rannpháirteacha **an cuimsiú agus an éagsúlacht, an inbhuaine comhshaoil agus an t-oideachas digiteach** a chur chun cinn go gníomhach trína ngníomhaíochtaí. Ba cheart dóibh déanamh amhlaidh ag úsáid na ndeiseanna cistiúcháin sonracha dá bhforáiltear leis an gclár chun na gcríoch sin, trí fheasacht a ardú i measc a rannpháirtithe, trí dhea-chleachtais a chomhroinnt, agus trí dhearadh iomchuí a roghnú le haghaidh a ngníomhaíochtaí.

CUSPÓIRÍ NA GNÍOMHAÍOCHTA

Is é is cuspóir don ghníomhaíocht seo deiseanna foghlama a sholáthar do dhaoine aonair agus tacú le hidirnáisiúnú agus forbairt institiúide soláthraithe oideachais aosaigh agus eagraíochtaí eile i réimse an oideachais aosaigh. Rannchuideoidh an ghníomhaíocht le cur chun feidhme an Chláir Oibre Eorpaigh do Scileanna Nua agus le cruthú an Limistéir Eorpaigh Oideachais. Go sonrach, is iad cuspóirí na ngníomhaíochta seo:

- An éirim Eorpach maidir leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim a neartú
- luachanna an chuimsithe agus na héagsúlachta, na caoinfhulaingthe, agus na rannpháirtíochta daonlathaí a chur chun cinn
- eolas faoi oidhreacht agus éagsúlacht chomhroinnte na hEorpa a chur chun cinn
- tacú le forbairt líonraí gairmiúla ar fud na hEorpa
- Feabhas a chur ar sholáthar cháilíochta an oideachais aosaigh fhoirmiúil, neamhfhoirmiúil agus sheachfhoirmiúil san Eoraip le haghaidh príomhinniúlachtaí mar a shainmhínítear i gcreat an Aontais (2018), lena n-áirítear scileanna bunúsacha (an litearthacht, an uimhearthacht, scileanna digiteacha) agus scileanna saoil eile
- síneadh a chur leis an oideachas aosach agus é a éagsúlú trí ghairmiúlú na n-oideoirí agus fothú acmhainneachta soláthraithe oideachais aosaigh
- cur chun feidhme agus inrochtaineacht clár teagaisc agus foghlama ardcháilíochta a shimpliú i ngach foirm den oideachas aosach, agus féachaint chuige go mbeidh siad ábhartha i leith riachtanais an duine aonair agus na sochaí i gcoitinne
- fothú acmhainneachta soláthraithe oideachais aosaigh chun tionscadail soghluaisteachta ardcháilíochta a chur i gcrích
- rannpháirtíocht daoine fásta de gach aois agus cúlra socheacnamaíoch san oideachas aosach a mhéadú, go háirithe trí rannpháirtíocht eagraíochtaí atá ag obair le foghlaiméirí faoi mhíbhuntáiste, soláthraithe beaga oideachais aosaigh, nuatheachtaithe chuig an gclár, agus eagraíochtaí ag a bhfuil níos lú taithí, chomh maith le heagraíochtaí pobalbhunaithe an ghnáthphobail a chothú

CONAS TEACHT AR DHEISEANNA SOGHLUAISTEACHTA ERASMUS+?

Féadfaidh soláthraithe oideachais aosaigh agus eagraíochtaí eile atá gníomhach san oideachas aosach iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú ar dhá bhealach:

- Le **tionscadail ghearrthéarmacha le haghaidh soghluaisteacht foghlaimoirí agus ball foirne** – soláthraítear deis d'iarratasóirí gníomhaíochtaí soghluaisteachta éagsúla a eagrú thar thréimhse 6 mhí go 18 mí. Tá tionscadail ghearrthéarmacha ar an rogha is fearr le haghaidh eagraíochtaí atá ag cur isteach ar Erasmus+ den chéad uair, nó dóibh sin nach mian leo ach líon teoranta gníomhaíochtaí a eagrú.
- **Tionscadail chreidiúnaithe le haghaidh soghluaisteacht foghlaimoirí ná ball foirne** – níl na tionscadail sin oscailte ach amháin d'eagraíochtaí a bhfuil creidiúnú Erasmus i réimse an oideachais aosaigh acu. Leis an snáithe cistiúcháin speisialta sin is féidir le heagraíochtaí creidiúnaithe maoiniú a fháil go tráthrialta le haghaidh gníomhaíochtaí soghluaisteachta lena rannchuidítear lena bPlean Erasmus a chur chun feidhme de réir a chéile. Tá creidiúnuithe Erasmus oscailte do na heagraíochtaí uile ar mian leo gníomhaíochtaí soghluaisteachta a eagrú ar bhonn tráthrialta. Ní gá taithí a fháil sa chlár roimh ré chun iarratas a dhéanamh. Chun breis faisnéise a fháil faoin deis seo, léigh an chaibidil den treoir seo maidir le creidiúnú Erasmus i réimsí an oideachais aosaigh, an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, agus an oideachais scoile.

Ina theannta sin, is féidir le heagraíochtaí dul i bpáirt leis an gclár gan iarratas a chur isteach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- **Dul i bpáirt le cuibhreannas soghluaisteachta Erasmus atá ann cheana** faoi stiúir comhordaitheoir cuibhreannais creidiúnaithe ina dtír mar a bhfuiltear ag glacadh le comhaltaí nua ina gcuibhreannas.
- **Rannpháirtithe ó thíre eile a óstáil:** is féidir le haon eagraíocht a bheith ina hóstach ar rannpháirtithe a thagann ó eagraíocht chomhpháirtíochta ar an gcoigríoch. Is luachmhar an t-eispéireas é a bheith mar ósteagraíocht agus is maith an bealach é le comhpháirtíochtaí a chruthú agus tuilleadh a fhoghlaim faoin gclár roimh iarratas a dhéanamh air tú féin.

TIONSCADAL A BHUNÚ

Is í an eagraíocht is iarratasóir an príomhghníomhaí i dtionscadal de chuid Phríomhghníomhaíocht 1. Déanann an t-iarratasóir an t-iarratas a dhréachtú agus a chur isteach, an comhaontú deontais a shíniú, na gníomhaíochtaí soghluaisteachta a chur chun feidhme, agus tuairiscíonn an duine sin don Gníomhaireacht Náisiúnta freisin. Tá an próiseas iarratais maidir le tionscadail ghearrthéarmacha agus creidiúnú Erasmus araon dírithe ar riachtanais agus pleananna na heagraíochta is iarratasóir.

D'fhéadfadh gníomhaíochtaí soghluaisteachta i dtionscadal soghluaisteachta a bheith ina ngníomhaíochtaí isteach agus amach. Tá an chuid is mó de na cineálacha gníomhaíochtaí atá ar fáil ina ngníomhaíochtaí soghluaisteachta amach. Ciallaíonn sin go ngníomhóidh an eagraíocht is iarratasóir mar eagraíocht seolta: déanfaidh sí rannpháirtithe a roghnú agus a sheoladh chuig ósteagraíocht ar an gcoigríoch. Ina theannta sin, is ann do chineálacha speisialta gníomhaíochtaí isteach lena féidir le heagraíochtaí is iarratasóirí cuireadh a thabhairt do shaineolaithe, do mhúinteoirí agus d'oideoirí faoi oiliúint chuig a n-eagraíocht. Ní hé is cuspóir do ghníomhaíochtaí isteach malartuithe dhá threo a chruthú ach is é is cuspóir dóibh daoine a thabhairt isteach ar féidir leo cabhrú leis an eagraíocht is iarratasóir a fhorbairt agus a idirnáisiúnú. Chun éascaíocht a dhéanamh don phróiseas aimsithe comhpháirtithe, le Erasmus+ tacaítear le huirlisí chun comhpháirtithe a aimsiú ar an gcoigríoch: [EPALE](#)

Agus gach gníomhaíocht lena dtacaítear faoin nGníomhaíocht seo á cur chun feidhme, ní mór caighdeán cháilíochta Erasmus a leanúint. Le caighdeán cháilíochta Erasmus cumhdaítear cleachtais nithiúla maidir le cur chun feidhme le haghaidh cúraimí tionscadail amhail roghnú agus ullmhú rannpháirtithe, sainiú, meastóireacht agus aithint torthaí foghlama, comhroinnt torthaí tionscadail, srl. Chun téacs iomlán chaighdeán cháilíochta Erasmus a léamh, téigh chuig an

nasc seo a leanas ar shuíomh gréasáin Europa: https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/resources/documents/erasmus-quality-standards-mobility-projects-vet-adults-schools_ga

Gnéithe cothrománacha

Ba cheart do gach tionscadal soghluaisteachta na gnéithe seo a leanas atá comhchoiteann maidir leis an gclár iomlán Erasmus+ a chomhtháthú:

AN CUIMSIÚ AGUS AN ÉAGSÚLACHT

I gcomhréir le caighdeán cháilíochta Erasmus, ní mór d’eagraíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón gclár a áirithiú go dtairgfidh siad deiseanna soghluaisteachta ar bhealach cuimsitheach agus cothrom do rannpháirtithe ó gach cúlra. Le roghnú na bhfoghlaimoirí a ghlacfaidh páirt i ngníomhaíochtaí tionscadail, ba cheart príomhfachtóirí a chur san áireamh amhail spreagadh, fiúntas, chomh maith le forbairt phearsanta agus riachtanais foghlama na rannpháirtithe. Ar an mbealach céanna, le roghnú na mball foirne is rannpháirtithe ba cheart a áirithiú go mbeidh tairbhí a bhforbartha pearsanta ar fáil le haghaidh gach foghlaimora san eagraíocht.

Le linn gníomhaíochtaí soghluaisteachta a ullmhú, a chur chun feidhme agus obair leantach a dhéanamh orthu, ba cheart do na heagraíochtaí seolta agus ósteagraíochtaí páirt a thabhairt do na rannpháirtithe i bpríomhchinntí chun an oiread tairbhí agus tionchair agus is féidir a áirithiú le haghaidh gach rannpháirtí.

Moltar do thairbhíthe agus d’eagraíochtaí rannpháirteacha eile a sholáthraíonn an t-oideachas agus an oiliúint deiseanna soghluaisteachta a chruthú agus a éascú go gníomhach, mar shampla trí dheiseanna soghluaisteachta a bhunú ina bhféilire acadúil agus céimeanna ath-lánpháirtíochta a shainiú do rannpháirtithe a fhilleann.

CLEACHTAIS ATÁ INBHUANAITHE AGUS FREAGRACH Ó THAOBH AN CHOMHSHAOIL DE

I gcomhréir le caighdeán cháilíochta Erasmus, ní mór d’eagraíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón gclár iompar atá inbhuanaithe agus freagrach ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn i measc na rannpháirtithe, agus feachtas á múscailt faoin tábhacht a bhaineann le gníomhú chun lorg comhshaoil gníomhaíochtaí soghluaisteachta a laghdú nó a chúiteamh. Ba cheart na prionsabail sin a léiriú in ullmhú agus cur chun feidhme gach gníomhaíochta de chuid an chlár, go háirithe trí thacaíocht cistiúcháin shonrach a úsáid, rud a sholáthraítear leis an gclár chun modhanna inbhuanaithe taistil a chur chun cinn. Ba cheart d’eagraíochtaí a sholáthraíonn an t-oideachas agus an oiliúint na prionsabail sin a lánpháirtiú ina n-obair laethúil, agus ba cheart dóibh athrú meoin agus iompair a chur chun cinn go gníomhach i measc na bhfoghlaimoirí agus na mball foirne.

AN CLAOCHLÚ DIGITEACH IN OIDEACHAS AGUS OILIÚINT

I gcomhréir le caighdeán cháilíochta Erasmus, leis an gClár tacaítear le gach eagraíocht rannpháirteach úsáid uirlisí agus modhanna foghlama digiteacha a ionchorprú chun a ngníomhaíochtaí fisiceacha a chomhlánú, chun feabhas a chur ar an gcomhar idir eagraíochtaí comhpháirteacha, agus chun feabhas a chur ar cháilíocht a bhfoghlama agus a dteagaisc. Ina theannta sin, féadfaidh rannpháirtithe tairbhí de Chúrsaí Oiliúna sa Deis Dhigiteach: gníomhaíochtaí soghluaisteachta a ligean dóibh scileanna digiteacha a fháil agus a n-inniúlacht chun oiliúint, múineadh agus cúraimí eile a dhéanamh le cúnamh ó uirlisí digiteacha. Féadfar gníomhaíochtaí den sórt sin a eagrú le haon cheann de na formáidí soghluaisteachta do bhaill foirne atá ar fáil.

RANNPHÁIRTÍOCHT SA SAOL DAONLATHACH

Is é is aidhm don chlár cuidiú leis na rannpháirtithe teacht ar na tairbhíthe a bhaineann leis an tsaoránacht agus leis an rannpháirtíocht ghníomhach sa saol daonlathach. Ba cheart do ghníomhaíochtaí soghluaisteachta a fhaigheann tacaíocht scileanna rannpháirtíochta a threisiú i réimsí éagsúla den tsochaí shibhialta, agus i bhforbairt inniúlachtaí sóisialta agus idirchultúrtha, na smaointeoireachta criticiúla agus na litearthachta sna meáin. Aon uair is féidir, le tionscadail ba cheart deiseanna a thairiscint do dhaoine a bheith rannpháirteach sa saol daonlathach chomh maith le deiseanna le haghaidh rannpháirtíocht saoránach agus shóisialta trí ghníomhaíochtaí foghlama foirmiúla nó neamhfhoirmiúla. Tuiscint rannpháirtithe ar an Aontas Eorpach agus ar chomhluchanna Eorpacha, agus meas ar phrionsabail dhaonlathacha, dínit an duine, an aontacht agus an éagsúlacht, idirphlé idirchultúrtha, chomh maith le hoidhreacht shóisialta, chultúrtha agus stairiúil Eorpach san áireamh, ba cheart tuiscint na rannpháirtithe ar na gnéithe sin a fheabhsú trí rannpháirtíocht sna soghluaisteachtaí.

PRÍOMHINNIÚLACHTAÍ A FHORBART

Leis an gclár tacaítear le forbairt ar feadh an tsaoil agus treisiú na bpríomhinniúlachtaí⁸⁴ is gá le haghaidh forbairt agus sásamh pearsanta, infhostaitheacht, saoránacht ghníomhach agus cuimsiú sóisialta. Ba cheart d’eagraíochtaí rannpháirteacha gníomhaíochtaí oiliúna agus foghlama a thairiscint atá oiriúnaithe do riachtanais speisialta foghlaimoirí, rud a chuidíonn leo neamhspleáchas eacnamaíoch a bhaint amach agus na bacainní atá rompu i dteagmhálaithe oideachais agus sóisialta a bhaint anuas.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Sa roinn seo léirítear na cineálacha gníomhaíochtaí lenar féidir tacú le cistí Erasmus+, mar chuid de thionscadail ghearrthéarmacha agus de thionscadail chreidiúnaithe araon.

Le haghaidh aon ghníomhaíocht, is féidir tacaíocht bhreise a sholáthar do dhaoine a thionlacann rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu. Is féidir tacú le daoine tionlacain ar feadh fhad iomlán na gníomhaíochta nó ar feadh cuid de sin.

Soghluaisteacht ball foirne

Na formáidí atá ar fáil	▪ An scáthfhoghlaim (2 go 60 lá) ▪ Tascanna teagaisc nó oiliúna (2 go 365 lá) ▪ Cúrsaí agus oiliúint (2 go 30 lá, uasmhéid de tháillí le haghaidh 10 lá cúrsa in aghaidh an rannpháirtí) I dteannta na soghluaisteachta fisicí, is féidir gach gníomhaíocht soghluaisteachta ball foirne a chumasc le gníomhaíochtaí fíorúla. Tá feidhm leis na faid íosta agus uasta a shonraítear thuas maidir leis an gcomhchuid soghluaisteachta fisicí.
--------------------------------	---

⁸⁴ Key competences - https://ec.europa.eu/education/policies/school/key-competences-and-basic-skills_en

	Scáthfhoghlaím: féadfaidh rannpháirtithe tréimhse a chaitheamh ag ósteagraíocht i dtír eile agus is é is cuspóir don fhoghlaím cleachtais nua a fhoghlaím agus smaointe nua a bhailiú trí bhreathnóireacht agus idirphlé le piaraí, saineolaithe nó cleachtóirí eile ina n-obair laethúil ag an ósteagraíocht. Tascanna teagaisc nó oiliúna: féadfaidh rannpháirtithe tréimhse teagaisc nó tréimhse ina gcuireann siad oiliúint ar fáil d'fhoghlaimeoirí a chaitheamh ag ósteagraíocht i dtír eile, mar bhealach chun foghlaim trína gcúraimí a chur i gcrích agus malartú le piaraí. Cúrsaí agus oiliúint: féadfaidh rannpháirtithe tairbhiú de chúrsa struchtúrtha nó d'oiliúint den chineál céanna a sholáthraíonn gairmithe cáilithe, bunaithe ar chlár foghlama agus torthaí foghlama réamhshainithe. Ní mór do rannpháirtithe ó 2 thír éagsúla ar a laghad a bheith rannpháirteach san oiliúint agus ní mór ligean do rannpháirtithe idirghníomhú le foghlaimeoirí eile agus leis na hoiliúnóirí san oiliúint sin. Ní thacaítear le gníomhaíochtaí atá go hiomlán neamhghníomhach, cuir i gcás, ag éisteacht le léachtanna, óráidí nó le comhdhálacha móra. Ba cheart d'iarratasóirí a bheith feasach go bhfuil gach soláthraí cúrsa go hiomlán neamhspleách ón gclár Erasmus+ agus go ngníomhaíonn siad mar sholáthraithe seirbhíse ar mhargadh saor. Is freagracht de chuid na heagraíochta is tairbhí í an rogha cúrsaí agus oiliúna dá bhrí sin. Tá na caighdeáin cháilíochta seo a leanas ar fáil mar thacaíocht chun na hiarrthóirí a threorú agus rogha á déanamh acu: https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/resources/quality-standards-courses-under-key-action-1-learning-mobility-individuals_ga
Rannpháirtithe incháilithe	Áirítear ar na rannpháirtithe incháilithe múinteoirí, oiliúnóirí, agus gach saineolaí agus ball foirne neamh-theagaisc eile san oideachas aosach. Áirítear ar na baill foirne neamh-theagaisc incháilithe baill foirne a oibríonn san oideachas aosach, bíodh sin i soláthraithe oideachais aosach (mar shampla baill foirne bainistíochta) nó in eagraíochtaí eile atá gníomhach san oideachas aosach (mar shampla oibreoirí deonacha, comhairleoirí, comhordaitheoirí beartais atá i gceannas ar an oideachas aosach, srl.). Ní mór do rannpháirtithe a bheith ag obair san eagraíocht seolta, nó ní mór dóibh a bheith ag obair go tráthrialta leis an eagraíocht seolta chun cuidiú le cur chun feidhme phríomhghníomhaíochtaí na heagraíochta (mar shampla mar oiliúnóirí seachtracha, mar shaineolaithe, nó mar oibreoirí deonacha). I ngach cás, ní mór na cúraimí lena nasctar an rannpháirtí leis an eagraíocht seolta a dhoiciméadú ar bhealach lenar féidir leis an nGníomhaireacht Náisiúnta an nasc sin a fhíorú (mar shampla le Conradh oibre nó oibre deonaí, tuairisc ar an gcúram, nó doiciméad comhchosúil). Bunóidh na Gníomhaireachtaí Náisiúnta cleachtas trédhearcach agus comhsheasmhach maidir lena bhfuil i gceist le caidrimh oibre agus doiciméid tacaíochta atá inghlactha ina gcomhthéacs náisiúnta.
Ionaid incháilithe	Ní mór gníomhaíochtaí a reáchtáil ar an gcoigríoch, i mBallstát de chuid an Aontais nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár.

Soghluaisteacht foghlaimeoirí

Na formáidí atá ar fáil	▪ Soghluaisteacht grúpa foghlaimeoirí fásta (2 go 30 lá, ar a laghad dhá dhaltá in aghaidh an ghrúpa) ▪ Soghluaisteacht foghlama ghearrthéarmach foghlaimeoirí fásta (2 go 29 lá) ▪ Soghluaisteacht foghlama fhadtéarmach foghlaimeoirí fásta (30 go 365 lá) I dteannta na soghluaisteachta fisicí, is féidir gach gníomhaíocht soghluaisteachta foghlaimeoirí a chumasc le gníomhaíochtaí fíorúla. Tá feidhm leis na faid íosta agus uasta a shonraítear thuas maidir leis an gcomhchuid soghluaisteachta fisicí. Soghluaisteacht grúpa foghlaimeoirí fásta: is féidir le grúpa foghlaimeoirí fásta ón eagraíocht seolta am a chaitheamh i dtír eile chun tairbhiú d'fhoghlaím nuálach atá eagraithe ag ósteagraíocht trí chomhar idir na heagraíochtaí seolta agus ósteagraíochtaí (ní thacaítear le seirbhísí oiliúna atá ar fáil don tráchtáil a cheannach). Is féidir go n-áireofar sna gníomhaíochtaí meascán de mhodhanna agus teicnící foghlama foirmiúla, neamhfhoirmiúla agus seachfhoirmiúla, amhail piarfhoghlaim, foghlaim sheachfhoirmiúil, oibriú go deonach, agus cineálacha cur chuige nuálacha eile. Ní mór d'oiliúnóirí ón eagraíocht seolta na foghlaimeoirí a thionlacan ar feadh fhad iomlán na gníomhaíochta agus a bheith rannpháirteach i gcur chun feidhme an chláir foghlama. Le hinneachar na ngníomhaíochtaí soghluaisteachta grúpa ba cheart díriú ar phríomhinníúlachtaí foghlaimeoirí fásta nó ar éirimí éagsúlachta, digiteacha, inbhuaíne comhshaoil agus rannpháirteacha an chláir. Soghluaisteacht foghlama ghearrthéarmach foghlaimeoirí fásta: is féidir le foghlaimeoir fásta tréimhse a chaitheamh ar an gcoigríoch ag eagraíocht óstála chun feabhas a chur ar an eolas agus ar na scileanna atá acu. Ní mór clár foghlama aonair a shainiú le haghaidh gach rannpháirtí. Ag deireadh na gníomhaíochta, ní mór do gach foghlaimeoir dul faoi mheastóireacht agus creidiúnú i leith na dtorthaí foghlama. Is féidir go n-áireofar sa chlár foghlama meascán de mhodhanna foghlama foirmiúla, neamhfhoirmiúla agus seachfhoirmiúla, lena n-áirítear foghlaim laistigh den rang, foghlaim obairbhunaithe, scáthfhoghlaím, breathnóireacht agus cineálacha cur chuige nuálacha eile. Soghluaisteacht foghlama aonair d'fhoghlaimeoirí fásta: is féidir le foghlaimeoirí fásta tréimhse níos faide a chaitheamh ar an gcoigríoch ag eagraíocht óstála chun feabhas a chur ar an eolas agus ar na scileanna atá acu. Ní mór clár foghlama aonair a shainiú le haghaidh gach rannpháirtí. Is féidir go n-áireofar sa chlár foghlama meascán de mhodhanna foghlama foirmiúla, neamhfhoirmiúla agus seachfhoirmiúla, lena n-áirítear foghlaim laistigh den rang, foghlaim obairbhunaithe, scáthfhoghlaím, breathnóireacht agus cineálacha cur chuige nuálacha eile. Tabhair faoi deara nach bhfuil an difríocht idir formáidí grúpa agus aonair bunaithe ar shocruithe taistil agus lóistín, ach bunaithe go heisiata ar cheanglais le haghaidh cláir foghlama chomhchoiteanna nó aonair. Dá réir sin, moltar an fhormaid soghluaisteachta grúpa le haghaidh gníomhaíochtaí simplí a bhaineann leas as acmhainní agus inneachar atá ann cheana, agus tá formáidí aonair níos oiriúnaí do chláir foghlama a dteastaíonn infheistíocht shonrach ó na heagraíochtaí seolta agus ósteagraíochtaí uathu (agus cásanna ina mbeidh roinnt rannpháirtithe ag taisteal agus ag fanacht le chéile san áireamh). I gcomhréir lena riachtanais, soláthraítear
---------------------------------------	---

	leibhéal éagsúil tacaíochta eagraíochtúla le haghaidh formáidí éagsúla gníomhaíochta, mar a shainítear sna rialacha maoinithe a chuirtear i láthair ag deireadh na caibidle seo.
Rannpháirtithe incháilithe	Is éard is rannpháirtithe incháilithe ná foghlaimeoirí atá rannpháirteach i gclár oideachais aosaigh⁸⁵ ag an eagraíocht seolta. Agus rannpháirtithe á roghnú, ba cheart é a bheith d'aidhm ag gach tionscadal meascán cuimsitheach cothrom próifílí rannpháirtithe a roghnú agus go mbeidh rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu rannpháirteach go mór, i gcomhréir le cuspóirí na gníomhaíochta.
Ionaid incháilithe	Ní mór gníomhaíochtaí a reáchtáil ar an gcoigríoch, i mBallstát de chuid an Aontais nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Ní mór soghluaisteacht grúpa foghlaimeoirí fásta a dhéanamh ag an eagraíocht óstála. Go heisceachtúil, féadfar gníomhaíochtaí a dhéanamh ag ionad eile i dtír na heagraíochta óstaí, má tá údar leis sin i bhfianaise inneachar agus cháilíocht na gníomhaíochta. Sa chás sin, ní chuirfear taisteal rannpháirtithe ón ósteagraíocht chuig an ionad san áireamh mar ghníomhaíocht soghluaisteachta trasnáisiúnta. Ní féidir cistí breise a iarraidh chuige sin dá bhrí sin. Ina theannta sin, féadfar soghluaisteacht foghlaimeoirí fásta a dhéanamh ag suíomh Institiúide de chuid an Aontais Eorpaigh má eagraítear an ghníomhaíocht ag nó i gcomhar le hinstitiúid de chuid an Aontais⁸⁶.

Gníomhaíochtaí eile lena dtacaítear

Na formáidí atá ar fáil	▪ Saineolaithe dá dtugtar cuireadh (2 go 60 lá) ▪ Múinteoirí agus oideoirí faoi oiliúint a óstáil (10 go 365 lá) Saineolaithe dá dtugtar cuireadh: is féidir le heagraíochtaí cuireadh a thabhairt d'oiliúnóirí, múinteoirí,aineolaithe beartais nó gairmithe cáilithe eile ón gcoigríoch, ar daoine iad ar féidir leo cabhrú le feabhas a chur ar an teagasc, ar an oiliúint agus ar an bhfoghlaim san ósteagraíocht. Mar shampla, féadfaidhaineolaithe dá dtugtar cuireadh oiliúint a sholáthar do bhaill foirne na heagraíochta óstaí, modhanna teagaisc nua a léiriú nó cabhrú le dea- chleachtais a aistriú ó thaobh cúrsaí eagrúcháin agus bainistíochta de. Múinteoirí agus oideoirí faoi oiliúint a óstáil: is féidir le heagraíochtaí is iarratasóirí múinteoirí faoi oiliúint, ar mian leo tréimhse cúrsa oiliúna a dhéanamh ar an gcoigríoch, a óstáil. Gheobhaidh an ósteagraíocht tacaíocht chun an ghníomhaíocht a chur ar bun, bíodh agus gur
--------------------------------	---

⁸⁵ Is é an tÚdarás Náisiúnta inniúil i ngach Ballstát de chuid an Aontais nó tíre atá comhlachaithe leis an gClár a dhéanfaidh na cláir agus gníomhaíochtaí oideachais aosaigh a shainiú agus foilseofar ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Náisiúnta ábhartha iad.

⁸⁶ Is iad an Bhruiséil, Frankfurt, an Háig, Lucsamburg agus Strasbourg suíomhanna Institiúidí an Aontais Eorpaigh. Measfar gníomhaíochtaí ag suíomh an Aontais Eorpaigh a bheith mar shoghluaisteacht thrasnáisiúnta agus féadfar iarraidh ar mhaoiniú (mar a dhéantar tuairisc air sa roinn 'Cad iad na rialacha maoinithe?') a dhéanamh le haghaidh gach rannpháirtí, gan beann ar a dtír tionscnaimh.

	cheart an tacaíocht taistil agus aonair a bheith á soláthar don rannpháirtí ag an institiúid seolta (ar féidir léi iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú Erasmus+ chun na críche sin).
Rannpháirtithe incháilithe	Aon duine ó Bhallstát eile de chuid an Aontais nó ó thír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár ar féidir saineolas atá ábhartha i leith riachtanais agus chuspóirí na heagraíochta a thugann cuireadh dóibh a sholáthar, is féidir leo a bheith ina saineolaithe dá dtugtar cuireadh. Tá óstáil múinteoirí agus oideoirí faoi oiliúint ar fáil le haghaidh rannpháirtithe atá cláraithe i gclár oideachais múinteoirí nó rannpháirtithe ar céimithe nua⁸⁷ de chuid clár den chineál sin iad (nó i gclár oideachais comhchosúil le haghaidh oiliúnóirí nó oideoirí) i mBallstát eile an Aontais nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár.
Ionaid incháilithe	Is í an eagraíocht is tairbhí (lena n-áirítear comhaltaí cuibhreannais) a fheidhmíonn i gcónaí mar ionad na saineolaithe agus na múinteoirí faoi oiliúint dá dtugtar cuireadh.

Cuairteanna ullmhúcháin

Céard is cuairt ullmhúcháin ann?	Is éard is cuairt ullmhúcháin ann cuairt a thugann baill foirne ón eagraíocht seolta ar ósteagraíocht ionchasach agus is é is cuspóir don chuairt ullmhú le haghaidh gníomhaíocht soghluaisteachta foghlaimeora nó foirne ar bhealach níos fearr.
Cathain is féidir cuairt ullmhúcháin a eagrú?	Ní mór réasúnaíocht shoiléir a bheith mar bhonn le gach cuairt ullmhúcháin agus ní mór feabhas a chur ar chuimsitheacht, raon feidhme agus cáilíocht na ngníomhaíochtaí soghluaisteachta leo sin. Mar shampla, is féidir cuairteanna ullmhúcháin a eagrú chun gur fearr is féidir soghluaisteacht rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu a ullmhú, chun tosú ar oibriú le heagraíocht chomhpháirtíochta nua, nó chun gníomhaíochtaí soghluaisteachta níos faide a ullmhú. Féadfar cuairteanna ullmhúcháin a eagrú ag ullmhú le haghaidh aon chineáil soghluaisteachta foghlama nó foirne, cé is moite de 'chúrsaí agus oiliúint'.
Cé atá in ann a bheith páirteach i gcuart ullmhúcháin?	Is féidir le haon duine atá incháilithe le haghaidh gníomhaíochtaí soghluaisteachta ball foirne agus ag a bhfuil baint le heagrú an tionscadail cuairteanna ullmhúcháin a dhéanamh. Go heisceachtúil, féadfaidh foghlaimeoirí a ghlacfaidh páirt sa tsoghluaisteacht foghlama fhadtéarmach agus rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu in aon chineál gníomhaíochta páirt a ghlacadh i gcuariteanna ullmhúcháin le haghaidh a ngníomhaíochtaí. Féadfaidh uasmhéid de thriúr a bheith rannpháirteach i gcuart ullmhúcháin, agus féadfar

⁸⁷ Tá céimithe nua incháilithe chun bheith rannpháirteach ar feadh suas le 12 mhí tar éis bhronnadh a gcéime. I gcás ina mbeidh seirbhís shibhialta nó mhíleata éigeantach á comhlíonadh ag na rannpháirtithe tar éis bhronnadh na céime, déanfar an tréimhse incháilitheachta a fhadú de réir fhad na seirbhíse sin.

	uasmhéid de chuairt ullmhúcháin amháin a eagrú le haghaidh gach eagraíochta óstaí.
Cén áit a bhféadfar dul ar chuartheanna ullmhúcháin?	Déantar cuairteanna ullmhúcháin ag áitreabh na heagraíochta óstaí, nó ag aon ionad eile ina mbeartaítear gníomhaíochtaí soghluaisteachta a dhéanamh. Na rialacha atá infheidhme maidir le hionaid ghníomhaíochtaí foirne agus soghluaisteachta, tá feidhm acu maidir le cuairteanna ullmhúcháin atá nasctha leis na gníomhaíochtaí sin freisin.

TIONSCADAIL GHEARRTHÉARMACHA LE HAGHAIDH SOGHLUAISTEACHT FOGHLAIMEOIRÍ AGUS BALL FOIRNE SAN OIDEACHAS AOSACH

Is éard atá i dtionscadail ghearrthéarmacha le haghaidh soghluaisteacht foghlaimoirí agus ball foirne bealach furasta agus simplí chun tairbhiú de Erasmus+. Is é is cuspóir dóibh deis a thabhairt d'eagraíochtaí cúpla gníomhaíocht a eagrú ar bhealach éasca agus taithí a fháil sa chlár.

Chun bheith simplí i gcónaí, áirítear teorainn i dtionscadail ghearrthéarmacha leis an líon rannpháirtithe agus le fad an tionscadail. Níl an fhormaid oscailte ach amháin d'eagraíochtaí aonair agus níl sí oscailte do chomhordaitheoirí cuibhreannais. Ní féidir le heagraíochtaí creidiúnaithe iarratas a dhéanamh ar thionscadail ghearrthéarmacha ós rud é go bhfuil rochtain bhuan acu ar mhaoiniú Erasmus+ cheana féin.

San iarratas ar thionscadail ghearrthéarmacha áirítear liosta de na gníomhaíochtaí, agus tuairisc orthu, a bhfuil pleán ag an eagraíocht is iarratasóir iad a eagrú.

CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Eagraíochtaí incháilithe: cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Tá na heagraíochtaí seo a leanas incháilithe⁸⁸ le hiaratas a dhéanamh: (1) Eagraíochtaí a sholáthraíonn an t-oideachas aosach foirmiúil, neamhfhoirmiúil agus seachfhoirmiúil⁸⁹ (2) Údarais phoiblí áitiúla agus réigiúnacha, comhlachtaí comhordúcháin agus eagraíochtaí eile ag a bhfuil ról i réimse an oideachais aosaigh Ní féidir le heagraíochtaí a shealbhaíonn creidiúnú Erasmus san oideachas aosach iarratas a dhéanamh ar thionscadail ghearrthéarmacha.
Tíortha incháilithe	Ní mór d'eagraíochtaí is iarratasóir a bheith bunaithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár.
Cén áit ar féidir iarratas a chur isteach?	Cuirtear iarratais faoi bhráid Ghníomhaireacht Náisiúnta na tíre ina bhfuil an eagraíocht is iarratasóir bunaithe.
Sprioc- amanna le haghaidh iarratas	Babhta 1 (le haghaidh na nGníomhaireachtaí Náisiúnta uile): An 23 Feabhra ar 12:00:00 (meán lae am na Buiséile) Babhta 2: Féadfaidh Gníomhaireachtaí Náisiúnta cinneadh a dhéanamh chun dara sprioc- am a oscailt (Babhta 2). Sa chás sin, cuirfidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta na rannpháirtithe ar an eolas faoi trína suíomh gréasáin. Le haghaidh Bhabhta 2, ní mór d'iarratasóirí a n-iarratais a chur isteach faoin 4 Deireadh Fómhair ar 12:00:00 (meán lae am na Buiséile).

⁸⁸ Is é an tÚdarás Náisiúnta inniúil i ngach Ballstát de chuid an Aontais nó tír atá comhlachaithe leis an gClár a dhéanfaidh na heagraíochtaí incháilithe a shainiú agus foilseofar ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Náisiúnta ábhartha iad mar aon le samplaí ábhartha.

⁸⁹ Gan dochar do shainmhínte atá bunaithe ag an Údarás Náisiúnta inniúil, tabhair faoi deara go meastar go bhfuil eagraíochtaí a sholáthraíonn an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint d'fhoghlaimoirí fásta ina soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna go hiondúil seachas ina soláthraithe oideachais aosaigh. Chun breis faisnéise a fháil, féach na sainmhínte is infheidhme ar shuíomh gréasáin do Gníomhaireachta Náisiúnta.

Dátaí tosaigh le haghaidh tionscadal	Is féidir na dátaí tosaigh seo a leanas a roghnú le haghaidh tionscadal: ▪ Babhta 1: idir an 1 Meitheamh agus an 31 Nollaig sa bhliain chéanna ▪ Babhta 2 (má tá sé oscailte): idir an 1 Eanáir agus an 31 Bealtaine an bhliain ina dhiaidh sin
Fad tionscadal	Ó 6 mhí go 18 mí
An líon iarratas	In aghaidh an bhabhta roghnúcháin, ní fhéadfaidh eagraíocht iarratas a dhéanamh ach ar thionscadal gearrthéarmach amháin i réimse an oideachais aosaigh. Eagraíochtaí a fhaigheann deontas ar thionscadal gearrthéarmach faoin gcéad bhabhta iarratas, ní fhéadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar an dara babhta den ghlaó céanna ar thograí. Laistigh d'aon tréimhse 5 bliana as a chéile ina n-eisítear glao, féadfaidh eagraíochtaí trí dheontas ar a mhéad a fháil le haghaidh tionscadail ghearrthéarmacha i réimse an oideachais aosaigh. Ní áirítear deontais a fuarthas sa tréimhse 2014-2020 sa teorainn sin.
Gníomhaíochtaí incháilithe	Gach cineál gníomhaíochta le haghaidh an oideachais aosaigh. Chun teacht ar liosta mionsonraithe agus ar na rialacha, féach an roinn 'Gníomhaíochtaí'. Chun bheith incháilithe, ní mór gníomhaíocht soghluaisteacha baill foirne nó foghlaimeora ar a laghad a bheith san áireamh in iarratais.
Raon feidhme tionscadal	In iarratas ar thionscadal gearrthéarmach, is féidir 30 rannpháirtí ar a mhéad a áireamh i ngníomhaíochtaí soghluaisteacha. Ní áireofar cuairteanna ullmhúcháin ná rannpháirtíocht daoine tionlacain sa teorainn sin.
Eagraíochtaí tacaíochta	Is éard atá in eagraíocht tacaíochta eagraíocht a chuidíonn le heagraíocht is tairbhí i ngnéithe praiticiúla de thionscadal a chur chun feidhme, gnéithe nach mbaineann le cúraimí lárnacha tionscadail (mar a shainmhínítear i gcaighdeán cháilíochta Erasmus). Féadfaidh aon eagraíocht atá gníomhach i réimse an oideachais agus na hoiliúna a bheith ina heagraíocht tacaíochta. Ní mór ról agus oibleagáidí na n-eagraíochtaí tacaíochta a bheith sainithe go foirmiúil eatarthu féin agus an eagraíocht is tairbhí. Gníomhaíonn an eagraíocht tacaíochta faoi mhaoirseacht na heagraíochta tairbhithe, agus fanann an eagraíocht tairbhí freagrach as torthaí agus cáilíocht na ngníomhaíochtaí a cuireadh chun feidhme. Ní mór do na rannchuidithe uile de chuid eagraíochtaí tacaíochta a bheith i gcomhréir le caighdeán cháilíochta Erasmus.

CRITÉIR DHÁMHACHTANA

Déanfar measúnú ar na hiarratais a chuirtear isteach trí phointí as 100 ar an iomlán a shannadh, bunaithe ar na critéir agus ar na hualuithe thíos. Le bheith curtha san áireamh le haghaidh dámhachtana, ní mór na tairseacha seo a leanas a bhaint amach leis na hiarratais:

- Ar a laghad 60 pointe as 100 pointe ar an iomlán, agus
- Ar a laghad leath na bpointí uasta i ngach ceann de na trí chatagóir le haghaidh critéir dhámhachtana

Ábharthacht (scór uasta 30 pointe)	A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh: ▪ tá próifíl, taithí agus gníomhaíochtaí an iarratasóra chomh maith le spriocphobal na bhfoghlaimoirí ábhartha i leith réimse an oideachais aosaigh ▪ tá togra an tionscadail ábhartha i leith chuspóirí na gníomhaíochta ▪ tá togra an tionscadail ábhartha i leith na dtosaíochtaí sonracha seo a leanas: – tacaíocht a thabhairt do nuatheachtaithe agus d’eagraíochtaí ag a bhfuil níos lú taithí – tacaíocht a thabhairt do rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu
Cáilíocht dhearadh an tionscadail (scór uasta 40 pointe)	A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh: ▪ i gcuaspóirí an tionscadail a mholtar tugtar aghaidh ar riachtanais na heagraíochta is iarratasóir, ar riachtanais a ball foirne agus ar riachtanais na bhfoghlaimoirí agus déantar amhlaidh ar bhealach atá soiléir agus coinceíteach ▪ tá inneachar na ngníomhaíochtaí a mholtar agus an chothromaíocht idir cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí iomchuí chun cuspóirí an tionscadail a bhaint amach ▪ tá plean oibre soiléir i bhfeidhm le haghaidh gach ceann de na gníomhaíochtaí a mholtar ▪ sa tionscadal ionchorpraítear cleachtais atá inbhuanaithe agus freagrach ó thaobh an chomhshaoil de ▪ sa tionscadal ionchorpraítear úsáid modhanna foghlama agus uirlisí digiteacha (EPALE go háirithe) chun na gníomhaíochtaí soghluaisteacha fisicí a chomhlánú, agus chun feabhas a chur ar an gcomhar le heagraíochtaí comhpháirtíochta
Cáilíochtaí na ngníomhaíochtaí leantacha (scór uasta 30 pointe)	A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh: ▪ rinne an t-iarratasóir na cúraimí agus na freagrachtaí le haghaidh seachadadh gníomhaíochtaí a shainiú ar bhealach soiléir i gcomhréir le caighdeáin cháilíochta Erasmus ▪ tá bearta nithiúla agus loighciúla molta ag an iarratasóir chun torthaí na ngníomhaíochtaí soghluaisteacha a lánpháirtiú in obair thráthrialta na heagraíochta ▪ tá bealach iomchuí molta ag an iarratasóir chun meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí an tionscadail ▪ tá bearta nithiúla agus éifeachtacha molta ag an iarratasóir chun torthaí an tionscadail a chur in iúl laistigh den eagraíocht is iarratasóir, chun na torthaí a chomhroinnt le heagraíochtaí eile agus leis an bpobal, agus chun aitheantas a thabhairt go poiblí do mhaoiniú an Aontais Eorpaigh

TIONSCADAIL CHREIDIÚNAITHE LE HAGHAIDH SOGLHUAISTEACHT FOGHLAIMEOIRÍ AGUS BALL FOIRNE SAN OIDEACHAS AOSACH

Is féidir le heagraíochtaí a bhfuil creidiúnú Erasmus san oideachas aosach acu iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú mar chuid de shnáithe cistiúcháin speisialta atá oscailt dóibh, agus dóibhsean amháin. Tá iarratais bunaithe ar an bPlean Erasmus a formheasadh roimhe sin, mar sin, níl gá le liosta mionsonraithe de na gníomhaíochtaí pleanáilte, ná le tuairisc mhionsonraithe orthu. Ina ionad sin, dírtear sna hiarratais ar an mbuiséad is gá le haghaidh an chéad tacaí gníomhaíochtaí eile a mheas.

Critéir incháilitheachta

Eagraíochtaí incháilithe: cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Tá eagraíochtaí a bhfuil creidiúnú Erasmus bailí san oideachas aosach acu incháilithe le hiarratas a dhéanamh.
Cuibhreannas soghluaisteachta	Ní mór d'eagraíochtaí a bhfuil creidiúnú Erasmus do chomhordaitheoirí cuibhreannais soghluaisteachta acu iarratas a dhéanamh ar an bhformáid cuibhreannais soghluaisteachta. Ní mór liosta de na comhaltaí cuibhreannais soghluaisteachta a sholáthar mar chuid den iarratas agus ní mór eagraíocht is iarratasóir amháin ar a laghad a bheith san áireamh ann i dteannta an chomhordaitheora. Is féidir le haon eagraíocht a chomhlíonann na critéir incháilitheachta le haghaidh chreidiúnú Erasmus sa réimse céanna teacht chun bheith ina comhalta de chuibhreannas soghluaisteachta. Ní mór do gach eagraíocht phleanáilte is comhalta den chuibhreannas a bheith ón mBallstát céanna de chuid an Aontais nó ón tír chéanna nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár leis an gcomhordaitheoir cuibhreannais soghluaisteachta. Ní gá do chomhaltaí cuibhreannais creidiúnú Erasmus a bheith acu. Is féidir le heagraíochtaí a ghlacann páirt i gcuibhreannas soghluaisteachta maoiniú a fháil ó dhá chomhaontú deontais ar a mhéad de chuid Phríomhghníomhaíocht 1 i réimse an oideachais aosaigh faoin nglao céanna ar thograí. Dá bhrí sin, is féidir le heagraíochtaí oideachais aosaigh a fhaigheann deontas le haghaidh tionscadal gearrthéarmach nó tionscadal creidiúnaithe páirt a ghlacadh ina theannta sin i gcuibhreannas soghluaisteachta, agus é sin amháin, san oideachas aosach ina gcáil mar eagraíochtaí is comhaltaí. Is féidir le heagraíochtaí eile páirt a ghlacadh i suas le dhá chuibhreannas soghluaisteachta.
Cén áit ar féidir iarratas a chur isteach?	Cuirtear iarratais faoi bhráid Ghníomhaireacht Náisiúnta na tíre ina bhfuil an eagraíocht is iarratasóir bunaithe.
Sprioc- am le haghaidh iarratas	An 23 Feabhra ar 12:00:00 (meán lae am na Buiséile)
Dáta tosaigh le haghaidh tionscadal	An 1 Meitheamh sa bhliain chéanna
Fad tionscadal	Mairfidh na tionscadail chreidiúnaithe uile ar feadh 15 mhí ar dtús. Tar éis 12 mhí, beidh na tairbhíthe uile in ann a dtionscadal a fhadú ar feadh 24 mhí san iomlán.

An líon iarratas	Ní fhéadfaidh eagraíochtaí creidiúnaithe iarratas a dhéanamh ach uair amháin in aghaidh an bhabhta roghnúcháin.
Gníomhaíochtaí atá ar fáil	Gach cineál gníomhaíochta le haghaidh an oideachais aosaigh. Chun teacht ar liosta mionsonraithe agus ar na rialacha, féach an roinn ‘Gníomhaíochtaí’. Chun bheith incháilithe, ní mór gníomhaíocht soghluaisteachta baill foirne nó foghlaimeora ar a laghad a bheith san áireamh in iarratais.
Raon feidhme tionscadal	Níl teorainn leis an líon rannpháirtithe is féidir a áireamh i dtionscadail chreidiúnaithe, cé is moite d’aon teorainn a shainítear i gcéim leithdháilte an bhuiséid.

LEITHDHÁILEADH AN BHUISÉID

Rinneadh measúnú ar cháilíocht an phlean Erasmus de chuid an iarratasóra i gcéim an iarratais creidiúnúcháin agus dá bhrí sin ní dhéanfar aon mheasúnú cáilíochtúil i gcéim leithdháileadh an bhuiséid. Gheobhaidh gach iarratas incháilithe ar dheontas cistiú.

Beidh an méid deontais a dhámhtar ag brath ar roinnt gnéithe:

- an buiséad iomlán atá ar fáil chun leithdháileadh a dhéanamh ar iarratasóirí creidiúnaithe
- na gníomhaíochtaí a iarradh (agus an buiséad measta is gá chun iad a chur chun feidhme san áireamh)
- an deontas bunúsach agus uasta
- na critéir leithdháilte seo a leanas: feidhmíocht an iarratasóra, tosaíochtaí beartais, agus cothromaíocht gheografach (má chuireann an Ghníomhaireacht Náisiúnta an méid sin i bhfeidhm)

Rialacha mionsonraithe maidir le deontas bunúsach agus uasta, scóráil na gcritéir leithdháilte, ualú gach critéir, an modh leithdháilte agus, an buiséad atá ar fáil le haghaidh tionscadail chreidiúnaithe, foilseoidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta iad roimh sprioc- am an ghlaio.

CAD IAD NA RIALACHA CISTIÚCHÁIN ATÁ ANN?

Tá feidhm ag na rialacha maoiniúcháin seo a leanas maidir le tionscadail ghearrthéarmacha agus tionscadail chreidiúnaithe.

Catagóir bhuiséid	Costais incháilithe agus rialacha is infheidhme	Méid
Tacaíocht eagraíochtúil	Costais atá nasctha go díreach le cur chun feidhme gníomhaíochtaí soghluaisteachta nach gcumhdaítear le catagóirí eile costais. Mar shampla: rannpháirtithe a ullmhú (ar bhealach oideolaíoch, idirchultúrtha agus eile), meantóireacht agus monatóireacht a dhéanamh orthu agus tacaíocht a thabhairt dóibh le linn na soghluaisteachta, na seirbhísí chomh maith leis na huirlisí agus an trealamh is	EUR 100 – In aghaidh an fhoghlaimeora i soghluaisteacht grúpa. – In aghaidh an rannpháirtí i soghluaisteacht ball foirne le haghaidh cúrsaí agus oiliúna – In aghaidh an tsaineolaí dá dtugtar cuireadh – In aghaidh an mhúinteora nó an oideora faoi oiliúint a óstáiltear

	gá le haghaidh comhchodanna fíorúla i ngníomhaíochtaí cumaisc, torthaí foghlama a aithint, torthaí a chomhroinnt agus maoiniú an Aontais Eorpaigh a chur in iúl don phobal. Le tacaíocht eagraíochtúil cumhdaítear na costais atá tabhairte ag an eagraíocht seolta agus ag an ósteagraíocht araon (seachas i gcás soghluaisteacht ball foirne le haghaidh cúrsaí agus oiliúna). Tiocfaidh an dá eagraíocht ar chomhaontú maidir leis an deontas a fuarthas a roinnt. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an líon rannpháirtithe.	EUR 350; EUR 200 tar éis 100 rannpháirtí sa chineál gníomhaíochta céanna – In aghaidh an rannpháirtí i soghluaisteacht foghlama ghearrthéarmach d'fhoghlaimeoirí fásta – In aghaidh an rannpháirtí i soghluaisteacht ball foirne le haghaidh na scáthfhoghlama agus tascanna teagaisc nó oiliúna			
		EUR 500 In aghaidh an rannpháirtí i soghluaisteacht foghlama fhadtéarmach d'fhoghlaimeoirí fásta			
Taisteal	Ranníocaíocht le costais taistil fillte rannpháirtithe agus daoine tionlacain óna n-áit bhunaidh chuig ionad na gníomhaíochta. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an achar taistil agus ar an líon daoine. Ní mór don iarratasóir an t-achar aeir idir an áit bhunaidh agus ionad na gníomhaíochta a léiriú⁹⁰ tríd an áireamhán achair lena dtacaíonn an Coimisiún Eorpach a úsáid⁹¹.	Achar taistil	Taisteal caighdeánach	Taisteal glas	
		10 – 99 km	EUR 23		
		100 – 499 km	EUR 180	EUR 210	
		500 – 1 999 km	EUR 275	EUR 320	
		2 000 – 2 999 km	EUR 360	EUR 410	
		3 000 – 3 999 km	EUR 530	EUR 610	
		4000 – 7999 km	EUR 820		
		8 000 km nó níos mo	EUR 1500		
Tacaíocht aonair	Costais chothaithe le haghaidh rannpháirtithe agus daoine tionlacain ⁹² le linn na	Catagóir rannpháirtithe	Grúpa tíortha 1	Grúpa tíortha 2	Grúpa tíortha 3
		Baill foirne	EUR 101 - 180	EUR 90 - 160	EUR 79 - 140

⁹⁰ Mar shampla, má bhíonn duine ó Mhaidrid (na Spáinne) ag glacadh páirt i ngníomhaíocht atá á reáchtáil sa Róimh (an Iodáil), déanfaidh an t-iarratasóir an t-achar ó Mhaidrid go dtí an Róimh a ríomh (1 365.28 KM) agus ansin roghnóidh an t-iarratasóir an banda achair taistil is infheidhme (is é sin, idir 500 agus 1 999 km).

⁹¹ https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/resources/distance-calculator_ga

⁹² I gcás daoine tionlacain, tá feidhm leis na rátaí foirne. I gcásanna eisceachtúla, i gcás inar gá don duine tionlacain fanacht ar an gcoigríoch ar feadh tréimhse is faide ná 60 lá, tacófar le costais chothaithe bhreise lastall den 60ú lá faoin gceannnteideal buiséid ar a dtugtar 'Tacaíocht chuimsiúcháin'.

	gníomhaíochta.	Foghlaimoirí	EUR 39 - 120	EUR 34 - 104	EUR 28 - 88
	Más gá: tá costais chothaithe incháilithe le haghaidh am taistil roimh an ngníomhaíocht agus ina diaidh, le 2 lá taistil ar a mhéad le haghaidh rannpháirtithe agus daoine tionlacain a fhaigheann deontas taistil chaighdeánaigh, agus 6 lá taistil ar a mhéad le haghaidh rannpháirtithe i gcás deontais taistil ghlais. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an líon daoine, ar fhad an fhanachta agus ar an tír óstach⁹³.	Is bonnrátaí iad na rátaí thuas in aghaidh an lae gníomhaíochta. Déanfaidh gach gníomhaireacht náisiúnta cinneadh i dtaobh na mbonnrátaí beachta laistigh de na raonta a cheadaítear. Íoctar an bonnráta suas leis an 14ú lá den ghníomhaíocht. Ón 15ú lá gníomhaíochta, beidh an ráta is iníoctha cothrom le 70 % den bhonnráta. Slánófar na rátaí iníoctha go dtí an euro iomlán is gaire.			
Tacaíocht chuimsiúcháin	Tacaíocht chuimsiúcháin d’eagraíochtaí: Costais a bhaineann le gníomhaíochtaí soghluaisteachta a eagrú do rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an líon rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu.	EUR 100 in aghaidh an rannpháirtí			
	Tacaíocht chuimsiúcháin le haghaidh rannpháirtithe: Costais bhreise atá nasctha go díreach le rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu agus leis na daoine atá á dtionlacan (lena n-áirítear costais taistil agus chothaithe a bhfuil údar leo mura n-iarrtar deontas le haghaidh na rannpháirtithe sin trí na catagóirí buiséid ar a dtugtar ‘Taisteal’ agus ‘Tacaíocht aonair’). Sásra maoiniúcháin: fórchostais. Riail maidir le leithdháileadh: ní mór don	100 % de chostais incháilithe			

⁹³ Grúpaí na dtíortha óstacha:

Grúpa tíortha 1: An Danmhairg, Éire, an Fhionlainn, an Iorua, an Íoslainn, Lichtinstéin, Lucsamburg, an tSualainn;

Grúpa tíortha 2: An Bheilg, an Chipir, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, Málta, an Ostair, an Phortaingéil, an Spáinn;

Grúpa tíortha 3: An Bhulgáir, an Chróit, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, an Mhacadóin Thuaidh, Poblacht na Seice, an Pholainn, an Rómáin, an tSeirbia, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Tuirc, an Ungáir

	iarratasóir údar a thabhairt leis an iarraidh agus ní mór don Ghníomhaireacht Náisiúnta í a fhormheas.	
Cuairteanna ullmhúcháin	Costais taistil agus chothaithe le haghaidh rannpháirtíocht i gcuart ullmhúcháin. Sásra maoiniúcháin: costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an líon rannpháirtithe.	EUR 575 in aghaidh an rannpháirtí, agus trí rannpháirtí ann ar a mhéad in aghaidh na cuairte
Táillí cúrsa	Costais lena gcumhdaítear táillí clárúcháin le haghaidh formáid soghluaisteachta baill foirne 'Cúrsaí agus oiliúint'. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar fhad na gníomhaíochta.	EUR 80 in aghaidh an rannpháirtí in aghaidh an lae; féadfaidh ball foirne aonair EUR 800 ar a mhéad a fháil i dtáillí cúrsa laistigh de chomhaontú deontais amháin.
Tacaíocht teanga	Costais a bhaineann le hábhair foghlama teanga agus oiliúint a sholáthar do rannpháirtithe ar gá dóibh feabhas a chur ar an eolas atá acu ar an teanga a úsáidfí siad chun tabhairt faoi staidéar nó oiliúint a fháil le linn a ngníomhaíochta. Tá tacaíocht teanga incháilithe le haghaidh rannpháirtithe i soghluaisteacht foirne atá níos faide ná 30 lá agus le haghaidh rannpháirtithe i ngníomhaíocht soghluaisteachta foghlama ghearrthéarmach agus fhadtéarmach foghlaimeoirí fásta. Níl tacaíocht iníoctha ach amháin mura bhfuair an rannpháirtí Tacaíocht Teanga ar Líne mar gheall nach bhfuil an teanga nó an leibhéal a éilítear ar fáil. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an líon rannpháirtithe.	EUR 150 in aghaidh an rannpháirtí
Costais eisceachtúla	Costais chun ráthaíocht airgeadais a thabhairt, má iarrann an Ghníomhaireacht Náisiúnta sin. Costais taistil chostasaigh na rannpháirtithe agus na ndaoine atá á dtionlacan nach féidir tacú leo leis an deontas caighdeánach 'Taisteal' de dheasca iargúlacht gheografach nó bacainní	Costais maidir le ráthaíocht airgeadais: 80 % de chostais incháilithe Costais taistil chostasaigh: 80 % de chostais taistil incháilithe Víosa agus costais a bhaineann le víosa, ceadanna

	eile. Víosa agus costais a bhaineann le víosa, ceadanna cónaithe, vacsaínithe agus deimhnithe leighis. Sásra maoiniúcháin: fíorchostais Riail maidir le leithdháileadh: ní mór don iarratasóir údar a thabhairt leis an iarraidh agus ní mór don Ghníomhaireacht Náisiúnta í a fhormheas. Tá feidhm ag taisteal costasach i gcásanna nach gcumhdaíonn an tacaíocht taistil bunaithe ar chostas aonaid 70 % de chostais taistil na rannpháirtithe.	cónaithe, vacsaínithe agus deimhnithe leighis: 100 % de chostais incháilithe
--	---	--

AN TSOGHLUAISTEACHT FOGHLAMA I RÉIMSE NA HÓIGE

Sa roinn seo den Treoirleabhar tugtar gníomhaíochtaí Phríomhghníomhaíocht 1 i réimse na hÓige. Leis na gníomhaíochtaí sin soláthraítear deiseanna foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla do dhaoine óga agus d'oibrithe óige.

Leis an bhfoghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil cumasaítear do dhaoine óga inniúlachtaí fíor-riachtanacha a fháil lena rannchuidítear lena bhforbairt phearsanta agus shochoideachasúil agus lena gcothaítear a rannpháirtíocht ghníomhach sa tsocái, rud a chuireann feabhas ar a n-ionchais fostaíochta.

Trína rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí foghlamtha soghluaisteachta, forbraíonn oibrithe óige scileanna atá ábhartha i leith a bhforbartha gairmiúla, cothaíonn siad cleachtais eagraíochtúla nua agus ardaíonn siad cáilíocht na hoibre óige go ginearálta.

Tá gníomhaíochtaí foghlama laistigh de réimse na hóige ceaptha tionchar suntasach dearfach a bheith acu ar dhaoine óga agus ar na heagraíochtaí atá páirteach, ar na pobail ina reáchtáiltear na gníomhaíochtaí sin, ar réimse na hóige féin agus ar na hearnálacha eacnamaíocha agus sochaíocha de chuid na hEorpa i gcoitinne. Tacaítear leis na Gníomhaíochtaí seo a leanas:

- Soghluaisteacht daoine óga - Malartuithe ógra
- Tionscadail soghluaisteachta le haghaidh oibrithe óige
- Gníomhaíochtaí um rannpháirtíocht óige
- Gníomhaíocht Cuimsithe DiscoverEU

CONAS IS FÉIDIR TEACHT AR NA DEISEANNA SIN?

Tá dhá bhealach ann le hiarratas a dhéanamh ar chistiú:

- Le **tionscadail chaighdeánacha** soláthraítear deis d’eagraíochtaí is iarratasóirí agus do ghrúpaí neamhfhoirmiúla daoine óga chun gníomhaíocht óige amháin nó roinnt díobh a chur chun feidhme thar thréimhse trí mhí go ceithre mhí is fiche. Tá tionscadail chaighdeánacha ar an rogha is fearr d’eagraíochtaí ag a bhfuil triail á baint as Erasmus+ den chéad uair, dóibh sin ar mian leo tionscadal aonuaire agus/nó líon teoranta gníomhaíochtaí a eagrú.
- Níl **tionscadail chreidiúnaithe** oscailte ach amháin d’eagraíochtaí a bhfuil creidiúnú Erasmus i réimse na hóige acu. Leis an snáithe cistiúcháin speisialta sin is féidir le heagraíochtaí chreidiúnaithe maoiniú a fháil go tráthrialta le haghaidh gníomhaíochtaí soghluaisteachta lena rannchuidítear lena bplean creidiúnúcháin a chur chun feidhme de réir a chéile.

Féadfaidh eagraíochtaí ar mian leo gníomhaíochtaí soghluaisteachta a eagrú ar bhonn tráthrialta iarratas a dhéanamh ar chreidiúnú Erasmus. Chun breis faisnéise a fháil faoi na creidiúnuithe, léigh an chaibidil den treoir seo maidir le *creidiúnú Erasmus i réimse na hóige*.

Ina theannta sin, is féidir le heagraíochtaí agus grúpaí neamhfhoirmiúla daoine óga dul i bpáirt leis an gclár gan iarratas a chur isteach trí dhul i bpáirt le tionscadal mar chomhpháirtí.

CREIDIÚNÚ ERASMUS I RÉIMSE NA HÓIGE

Is éard atá i gceist le creidiúnuithe Erasmus uirlis le haghaidh eagraíochtaí ar mian leo a ngníomhaíochtaí a leathnú chun malartú trasteorann agus comhar a dhéanamh agus a bheartaíonn gníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlama a chur chun feidhme ar bhonn rialta.

Le creidiúnú Erasmus i réimse na hÓige, tugtar rochtain shimplithe ar dheiseanna maoinithe faoi Phríomhgníomhaíocht 1 – gníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlama i réimse na hóige.

Ceanglófar ar na hiarratasóirí a gcuspóirí agus a bplean fadtéarmach a leagan síos ó thaobh na ngníomhaíochtaí a dtacófar leo le cistí Erasmus, na dtairbhí a mheastar a bheidh ann chomh maith lena gcur chuige i leith bainistíocht tionscadal. Trí chreidiúnú Erasmus i réimse na hÓige a dhámhachtain deimhnítear go bhfuil próisis agus bearta iomchuí agus éifeachtacha i bhfeidhm ag an iarratasóir chun gníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlamtha ardcháilíochta a chur chun feidhme mar atá pleanáilte agus chun iad a úsáid le dul chun tairbhe do réimse na hóige. Dámhtar an creidiúnú don chlárthréimhse iomlán go dtí 2027.

CUSPÓIRÍ NA GNÍOMHAÍOCHTA

Baineann na cuspóirí seo a leanas le Creidiúnú Erasmus i réimse ghníomhaíocht na hóige:

- Forbairt phearsanta agus ghairmiúil daoine óga a neartú trí ghníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla;
- Cumhachtú daoine óga, saoránacht ghníomhach daoine óga agus rannpháirtíocht daoine óga sa saol daonlathach a chothú;
- Forbairt cáilíochta oibre óige a chothú ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta trí fhothú acmhainneachta eagraíochtaí atá gníomhach i réimse na hóige agus trí thacú le forbairt ghairmiúil oibrithe óige;
- An cuimsiú agus an éagsúlacht, idirphlé idirchultúrtha agus luachanna dlúthpháirtíochta, comhionannas deiseanna agus cearta an duine a chur chun cinn i measc daoine óga san Eoraip.

ROCHTAIN AR MHAOINIÚ LE HAGHAIDH IARRATASÓIRÍ RATHÚLA

Gheobhaidh iarratasóirí rathúla ar chreidiúnú Erasmus i réimse na hÓige rochtain shimplithe ar dheiseanna maoinithe Phríomhghníomhaíocht 1 seo a leanas i réimse na hóige:

- Tionscadail soghluaisteachta do dhaoine óga – malartuithe Ógra
- Tionscadail soghluaisteachta le haghaidh oibrithe óige

..

Cuirtear an glao bliantúil ar mhaoiniú le haghaidh tionscadail chreidiúnaithe i láthair sa roinn ‘Deiseanna soghluaisteachta le haghaidh eagraíochtaí creidiúnaithe Erasmus i réimse na hóige’.

CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Tá na cineáil eagraíochtaí seo a leanas incháilithe le hiarratas a dhéanamh: • ina heagraíocht neamhbhrabúsach, ina comhlachas, ina heagraíocht neamhrialtasach; ina heagraíocht neamhrialtasach Eorpach don óige; ina comhlacht poiblí ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta; ina fiontar sóisialta; ina comhlacht brabúsach atá gníomhach sa fhreagracht chorpóraideach; Ní mór d’eagraíochtaí is iarratasóir a bheith bunaithe i mBallstát de chuid an Aontais nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár.
Cén áit ar féidir iarratas a chur isteach?	Ní mór iarratais a chur faoi bhráid Ghníomhaireacht Náisiúnta na tíre ina bhfuil an eagraíocht is iarratasóir bunaithe.
Sprioc- am chun iarratas a chur isteach	An 19 Deireadh Fómhair ar 12:00:00 (meán lae am na Buiséile)
Caighdeán Cháilíochta Erasmus i réimse na hÓige	Ní mór d’iarratasóirí ar chreidiúnú Erasmus i réimse na hÓige cloí lean óige caighdeán cháilíochta Erasmus i réimse na hÓige mar atá ar shuíomh gréasáin Europa: https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/sites/default/files/eac-a03-2020-erasmus-youth-quality-standards_en.pdf

CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN

Ní mór d'iarratasóirí acmhainneacht oibríochtúil agus ghairmiúil leordhóthanach a bheith acu chun an plean gníomhaíochta a mholtar a chur chun feidhme, agus 2 bhliain taithí ábhartha ar a laghad ar ghníomhaíochtaí a chur chun feidhme i réimse na hóige san áireamh.

Léigh Cuid C den treoir seo chun breis faisnéise a fháil faoi na critéir ghinearálta maidir le hacmhainneacht oibríochtúil agus faoi na ceanglais shonracha sin d'iarratasóirí creidiúnúcháin.

CRITÉIR EISIAIMH

Ní mór d'iarratasóirí dearbhú sínithe ar a n-áonóir a chur isteach á rá nach mbaineann aon cheann de na staideanna dá dtagraítear sna critéir eisiaimh a liostaítear i gCuid C den Treoir seo leo, go bhfuil inneachar bunaidh scríofa ag an eagraíocht is iarratasóir san iarratas a cuireadh isteach, agus nár íocadh aon eagraíocht ná duine aonair seachtrach eile as an iarratas a dhréachtú.

CRITÉIR DHÁMHACHTANA

Déanfar measúnú ar cháilíocht na dtograí trí phointí as 100 ar an iomlán a shannadh, ar bhonn na gcritéar dámhachtana agus na n-ualuithe thíos. Le bheith curtha san áireamh le haghaidh dámhachtana, ní mór na tairseacha seo a leanas a bhaint amach leis na hiarratais:

- Ar a laghad 70 pointe as 100 pointe ar an iomlán, agus
- Ar a laghad leath na bpointí uasta i ngach ceann de na trí chatagóir le haghaidh critéir dhámhachtana

Ábharthacht phróifíil agus thaithí na heagraíochta (20 pointe ar a mhéad)	Ábharthacht na heagraíochta i réimse na hóige agus cuspóirí na gníomhaíochtaí i dtéarmaí na nithe a leanas: • Cuspóirí agus príonsabail na heagraíochta; • Príomh- spriocghrúpaí na heagraíochta; • Gnáthghníomhaíochtaí na heagraíochta; • Taithí na heagraíochta i réimse na hóige.
Forbairt straiséiseach (40 pointe ar a mhéad)	A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh: • Tá na cuspóirí a shainaithnítear ábhartha agus i gcomhréir le cuspóirí na Gníomhaíochta agus cuireann siad le Straitéis an Aontais Eorpaigh i leith na hÓige; • Tá na gníomhaíochtaí beartaithe oiriúnach chun dul i ngleic leis na riachtanais agus na cuspóirí a sainaithníodh; • Tá fíorthairbhe ag baint leis na gníomhaíochtaí beartaithe le haghaidh na heagraíochta, na rannpháirtithe agus na n-eagraíochtaí rannpháirteacha, agus tá tionchar féideartha níos leithne acu (mar shampla ar leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus trasnáisiúnta); • Tá na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí beartaithe comhtháthaithe i ngnáthobair agus gnáthghníomhaíochtaí na heagraíochta; • Rannchuidíonn an eagraíocht le straitéis an Chláir um Chuimsiú agus Éagsúlacht; • Déanann an eagraíocht a gníomhaíochtaí a leabú i mbunphrionsabal amháin nó níos mó (inbhuaine agus freagracht comhshaoil, rannpháirtíocht ghníomhach i réimse eagraíochtaí Erasmus, gnéithe fíorúla)

Cáilíocht na bainistíochta agus an chomhordaithe (40 pointe ar a mhéad)	A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh: • Tá na cuspóirí, na gníomhaíochtaí agus na spriocanna atá beartaithe soiléir agus réadúil i ndáil le hacmhainní daonna agus eagrú inmheánach an iarratasóra • Tá an cur chuige comhpháirtíochta cothrom agus éifeachtach agus, i gcás inarb infheidhme, oiriúnach chun eagraíochtaí nua agus eagraíochtaí a bhfuil níos lú taithí acu a thabhairt isteach • Tá na bearta chun cáilíocht gníomhaíochtaí agus sábháilteacht agus cosaint na rannpháirtithe a chinntiú iomchuí; • Tá prionsabal rannpháirtíochta gníomhaí óige i bhfeidhm agus beartaítear rannpháirtíocht gach rannpháirtí i ngach céim de na gníomhaíochtaí; • Na bearta chun gné foghlama stuama a chinntiú, tá siad ábhartha, agus tacaíocht le machnamh, sainaitheantas agus doiciméadú na dtorthaí foghlama san áireamh; • Na modhanna chun dul chun cinn na heagraíochta i dtreo a cuspóirí a bhaint amach (monatóireacht agus meastóireacht) agus le haghaidh bainistíocht riosca, tá siad iomchuí agus éifeachtach; • Maidir leis na bearta a dhíríonn ar thorthaí an tionscadail a chomhroinnt laistigh agus lasmuigh de na heagraíochtaí rannpháirteacha, tá siad iomchuí agus éifeachtach.
---	--

BAILÍOCHT

Déantar creidiúnú Erasmus i réimse na hóige a dhámhachtain le haghaidh na clárthréimhse iomláine go dtí 2027, faoi réir monatóireacht tráthrialta agus i gcomhréir leanúnach leis na ceanglais agus leis na teoracha maidir le creidiúnú arna n-eisiúint ag an nGníomhaireacht Náisiúnta. Chun pleanáil réalaíoch a chinntiú, féadfar tréimhse idir 3 agus 7 mbliana a chumhdach i bplean na ngníomhaíochtaí a chuirtear isteach mar chuid den iarratas agus tabharfar é cothrom le dáta go tréimhsiúil mar a mhínítear sa chéad chuid eile.

I gcás ina n-éilítear creidiúnú Erasmus le haghaidh rannpháirtíocht in aon ghníomhaíocht tar éis dheireadh na clárthréimhse 2021- 2027, féadfaidh an Gníomhaireacht Náisiúnta bailíocht an chreidiúnaithe a fhadú faoi choinníollacha arna sainiú ag an gCoimisiún Eorpach.

TUAIRISCIÚ, MONATÓIREACHT AND DEARBHÚ CÁILÍOCHTA

Tuarascálacha deiridh i ndeireadh gach comhaontaithe deontais	I ndeireadh gach comhaontaithe deontais arna fhormheas faoi chreidiúnú óige Erasmus, cuirfidh an eagraíocht chreidiúnaithe tuarascáil⁹⁴ deiridh faoi na gníomhaíochtaí agus na spriocanna a soláthraíodh isteach, mar a shonraítear sa chomhaontú deontais is infheidhme.
--	---

⁹⁴ Chun críocha bainistíochta deontais tagraítear don tuarascáil sin mar an Tuarascáil Chríochnaitheach.

Tuarascálacha creidiúnúcháin ar an dul chun cinn	Aon uair amháin ar a laghad le linn bhailíocht an chreidiúnaithe, beidh ar eagraíochtaí na rudai seo a leanas a dhéanamh: • Tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn atá déanta chun a gcuspoirí a bhaint amach; • Tuairisc a thabhairt ar an gcaoi a bhfuil siad ag cinntiú go bhfuil caighdeán cháilíochta Erasmus i réimse na hÓige á gcomhlíonadh; • A bplean gníomhaíochta a thabhairt chun dáta. Féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta cinneadh tuarascáil ar dhul chun cinn a iarraidh maidir leis na gnéithe éagsúla a liostaítear thuas san am céanna, nó ar leithligh. Féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta a chinneadh cuairt mhonatóireachta a chur in ionad na gceanglas tuairiscithe maidir le cuspoirí agus caighdeán cháilíochta Erasmus i réimse na hÓige. Bunaithe ar fheidhmíocht na heagraíochta creidiúnaithe de réir thorthaí tuairiscithe, monatóireachta agus seiceálacha dearbhaithe cáilíochta, nó de bharr athruithe suntasacha san eagraíocht, féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta líon agus sceideal na dtuarascálacha ar dhul chun cinn a athrú. Ina theannta sin, féadfaidh eagraíochtaí creidiúnaithe iarraidh go deonach a gcreidiúnú a thabhairt cothrom le dáta. Bunaithe ar réasúnaíocht na heagraíochta, cinnfidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta an bhfuil údar lena thabhairt cothrom le dáta agus an bhfuil sé inghlactha.
Faireachán agus seiceálacha	Féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta cuairteanna monatóireachta, seiceálacha foirmiúla nó gníomhaíochtaí eile a eagrú chun dul chun cinn agus feidhmíocht eagraíochtaí creidiúnaithe a rianú, measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán cáilíochta comhaontaithe, agus tacaíocht a sholáthar. Féadfaidh seiceálacha foirmiúla a bheith i bhfoirm seiceálacha deisce nó cuairteanna ar an eagraíocht agus ar aon áitreabh eile ina reáchtáiltear nó inar reáchtáladh gníomhaíochtaí. Féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta cúnamh a iarraidh ó Ghníomhaireachtaí Náisiúnta nó ó shaineolaithe seachtracha i dtíortha eile chun gníomhaíochtaí a reáchtáiltear iontu a sheiceáil agus monatóireacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí sin.

DEARBHÚ CÁILÍOCHTA

I ndiaidh tuarascáil nó gníomhaíocht monatóireachta, soláthróidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta aiseolas do na heagraíochtaí creidiúnaithe. Ina theannta sin féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta treoracha éigeantacha nó comhairleacha a sholáthar don eagraíocht chreidiúnaithe faoi conas a feidhmíocht a fheabhsú.

BEARTA FEABHAIS

I gcás iarratasóirí nuachreidiúnaithe, eagraíochtaí ardriosca, mainneachtain treoracha agus sprioc-amanna na Gníomhaireachta a chomhlíonadh, feidhmíocht an-íseal de réir tuairisciú, monatóireacht agus seiceálacha dearbhaithe cáilíochta, nó sáruithe ar rialacha an Chláir (lena n-áirítear i ngníomhaíocht eile), féadfaidh an Gníomhaireacht Náisiúnta na bearta feabhais seo a leanas a dhéanamh:

- Barúil: féadfaidh an Gníomhaireacht Náisiúnta teorainn a chur leis an leibhéal cistiúcháin ar ar féidir an eagraíocht chreidiúnaithe iarratas a dhéanamh i ngníomhaíochtaí ina n-éilítear creidiúnú Erasmus. Féadfar eagraíochtaí nuachreidiúnaithe a chur faoi bhreathnú má shainaithnítear riosca cur chun feidhme ísealcháilíochta.
- Fionraí: ní fhéadfaidh eagraíochtaí a chuirtear ar fionraí iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú i ngníomhaíochtaí ina n-éilítear creidiúnú Erasmus. Féadfaidh an Gníomhaireacht Náisiúnta roinnt comhaontuithe deontais leanúnacha nó iad uile arna ndámhachtain faoin gcreidiúnú a chuirtear ar fionraí a fhoirceannadh.

Leanfar den tréimhse bhreathnóireachta nó fionraíochta go dtí go gcinneadh an Gníomhaireacht Náisiúnta go bhfuil na coinníollacha agus na ceanglais cháilíochta a leagtar amach sa Ghlaó comhlíonta athuair, agus go dtí go mbeidh aghaidh tugtha athuair ag an eagraíocht chreidiúnaithe ar an riosca ísealfheidhmíochta.

Eagraíochtaí atá faoi fhionraí nó faoi bhreathnú, ní fhéadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar chreidiúnú nua.

I gcás ina leantar de bheith ag comhlíonadh threoracha agus sprioc-amanna na Gníomhaireachta Náisiúnta, i gcás feidhmíocht an-íseal, nó i gcás sáruithe atriallacha nó suntasacha ar rialacha an Chláir (lena n-áirítear i ngníomhaíocht eile), féadfaidh an Gníomhaireacht Náisiúnta an creidiúnú a fhoirceannadh.

Féadfar freisin an creidiúnú a fhoirceannadh aon tráth i gcás ina scoireann an eagraíocht de bheith ann nó le comhaontú na Gníomhaireachta Náisiúnta agus na heagraíochta creidiúnaithe. Féadfaidh an Gníomhaireacht Náisiúnta nó an eagraíocht chreidiúnaithe an t-iarratas a fhoirceannadh go haontaobhach mura mbeidh aon iarratas ar mhaoiniú déanta faoin gcreidiúnú sin ar feadh 3 bliana as a chéile ar a laghad.

DEISEANNA SOGHLUAISTEACHTA LE HAGHAIDH EAGRAÍOCHTAÍ CREIDIÚNAITHE ERASMUS I RÉIMSE NA HÓIGE

Is féidir le heagraíochtaí creidiúnaithe iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú (iarraidh ar dheontas) le haghaidh gníomhaíochtaí soghluaisteachta óige ar bhealach simplithe. Tá gníomhaíochtaí bunaithe ar an bplean gníomhaíochta creidiúnúcháin a formheasadh roimhe sin, mar sin, níl gá le liosta mionsonraithe de na gníomhaíochtaí pleanáilte, ná le tuairisc mhionsonraithe orthu. Ina ionad sin, dírtar sna hiarratais ar an líon gníomhaíochtaí atá le cur chun feidhme chomh maith leis an líon rannpháirtithe atá páirteach a mheas.

Leis na gníomhaíochtaí soghluaisteachta atá le cur chun feidhme faoin nGníomhaíocht seo, ní mór na rialacha agus na prionsabail a leagtar síos le haghaidh gach cineáil gníomhaíochta sna codanna ábhartha den Treoir seo a leanúint.

Tugann eagraíochtaí creidiúnaithe gealltanais go gcomhlíonfaidh siad caighdeáin Cháilíochta Erasmus i réimse na hÓige agus go gcuirfidh siad gníomhaíochtaí soghluaisteachta ardcháilíochta i gcrích i réimse na hÓige.

Níl eagraíochtaí creidiúnaithe i réimse na hÓige incháilithe le haghaidh maoiniú faoi na tionscadail chaighdeánacha Malartuithe Ógra agus Soghluaisteachta le haghaidh oibrithe óige. Is féidir leo, áfach, ról a ghlacadh mar chomhpháirtí sna tionscadail sin.

Critéir incháilitheachta

Tá feidhm leis na critéir ghinearálta thíos maidir le hiarrataí ar dheontas.

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Eagraíochtaí a bhfuil creidiúnú Erasmus bailí i réimse na hÓige acu tráth an sprioc-ama le haghaidh iarratais
Gníomhaíochtaí incháilithe	▪ Malartuithe Ógra ▪ Gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla oibrithe óige Ina theannta sin, is féidir na gníomhaíochtaí seo a leanas a chur chun feidhme: ▪ Cuairteanna ullmhúcháin ▪ Gníomhaíochtaí forbartha córais agus for-rochtana (ach ní mór iad a bheith i gcomhar le gníomhaíochtaí forbartha oibrithe óige) Sainítear critéir tuairisce agus incháilitheachta le haghaidh gach ceann de na gníomhaíochtaí sin faoi na codanna ábhartha den Treoir seo.
Fad an tionscadail	Mairfidh na tionscadail chreidiúnaithe uile ar feadh 15 mhí ar dtús. Tar éis 12 mhí, beidh na tairbhíthe uile in ann a dtionscadal a fhadú ar feadh 24 mhí san iomlán.
Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh?	Is féidir iarratas a chur faoi bhráid Ghníomhaireacht Náisiúnta na tíre ina bhfuil an eagraíocht is iarratasóir bunaithe
Cathain is féidir iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí a n-iarratas ar dheontas a chur isteach faoi na dátaí seo a leanas: ▪ An 23 Feabhra ar 12:00:00 (meán lae am na Bruiséile) le haghaidh tionscadail dar tosach an 1 Meitheamh an bhliain chéanna.

Iarratas a dhéanamh	Féach cuid C den Treoir seo le haghaidh sonraí faoi conas iarratas a dhéanamh.
Critéir eile	Ní fhéadfaidh eagraíocht chreidiúnaithe iarratas a dhéanamh ach uair amháin in aghaidh an ghlaio. Ní mór dearbhú onóra ón ionadaí dlíthiúil a bheith i gceangal leis an bhfoirm iarratais.

LEITHDHÁILEADH AN BHUISÉID

Beidh an méid deontais a dhámhtar ag brath ar roinnt gnéithe:

- an buiséad iomlán atá ar fáil chun leithdháileadh a dhéanamh ar iarratasóirí creidiúnaithe
- na gníomhaíochtaí a iarradh
- an deontas íosta agus uasta
- na critéir leithdháilte seo a leanas: feidhmíocht airgeadais, feidhmíocht cháilíochtúil, tosaíochtaí beartais agus réimsí téamacha ar a dtugtar aghaidh leis na gníomhaíochtaí ar a gcuirtear isteach, agus cothromaíocht gheografach (má chuireann an Ghníomhaireacht Náisiúnta an méid sin i bhfeidhm)

Rialacha mionsonraithe maidir le deontas bunúsach agus uasta, scóráil na gcritéar leithdháilte, ualú gach critéir, an modh leithdháilte agus, an buiséad atá ar fáil le haghaidh tionscadail chreidiúnaithe, foilseoidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta iad roimh sprioc- am an ghlaio.

TIONSCADAIL SOGHLUAISTEACHTA DO DHAoine ÓGA – ‘MALARTUITHE ÓGRA’

Faoin nGníomhaíocht seo⁹⁵, féadfaidh eagraíochtaí agus grúpaí neamhfhoirmiúla daoine óga tacaíocht a fháil chun tionscadail a chur i gcrích lena dtugtar daoine óga le chéile ó thíortha éagsúla chun malartú a dhéanamh agus tabhairt faoin bhfoghlaim lasmuigh dá gcóras oideachais foirmiúil.

CUSPÓIRÍ NA GNÍOMHAÍOCHTA

Le Erasmus+ tacaítear le soghluaisteacht foghlama seachfhoirmiúla daoine óga i bhfoirm Malartuithe Ógra, arb é is cuspóir dóibh sin dul i dteagmháil le daoine óga agus iad a chumhachtú le bheith ina saoránaigh ghníomhacha, daoine óga a nascadh leis an tionscadal Eorpach chomh maith le cuidiú leo inniúlachtaí a fháil agus a fhorbairt ar feadh an tsaoil agus dá dtodhchaí ar an leibhéal gairmiúil.

Go sonrach, is é is aidhm do Mhalartuithe Ógra:

- idirphlé idirchultúrtha agus foghlaim idirchultúrtha chomh maith le braistint na féiniúlachta Eorpaí a chothú;
- scileanna agus dearchtaí daoine óga a fhorbairt;
- luachanna Eorpacha a neartú agus dochar agus steiréitíopaí a shárú;
- feasacht a mhúscailt faoi thopaicí atá ábhartha ar bhonn sóisialta agus rannpháirtíocht sa tsochaí agus rannpháirtíocht ghníomhach a spreagadh ar an mbealach sin.

Tá an Gníomhaíocht oscailte do gach duine óg agus tá sí dírithe go háirithe orthu sin ar lú na deiseanna atá acu.

COMHTHÉACS BEARTAIS

Le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019- 2027 leagtar amach Creat le haghaidh comhar Eorpach i réimse na hóige, bunaithe ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 22 Bealtaine 2018 maidir le páirt a thabhairt do dhaoine óga, ceangail a dhéanamh leo agus iad a chumhachtú. Leis an Straitéis cothaítear rannpháirtíocht na hóige sa saol daonlathach, tacaítear le rannpháirtíocht shóisialta agus saoránach agus is é is aidhm di a áirithiú go mbeidh na hacmhainní is gá ag gach duine óg chun páirt a ghlacadh sa tsochaí. I Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh áirítear próiseas idirphlé Óige freisin agus sa chomhthéacs sin, forbraíodh 11 Sprioc Eorpacha don Óige in 2018. Leis na spriocanna sin sainaithnítear réimsí trasearnála lena ndéantar difear do shaol daoine óga agus tarraingítear aird ar dhúshláin. Le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh ba cheart rannchuidiú leis an bhfís sin a fhíorú le haghaidh daoine óga. Faoin gcroírémse a bhaineann le ceangail a dhéanamh, le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh tá ceangail, caidrimh agus malartú taithe idir daoine óga á gcur chun cinn agus á n-éascú mar áis rithabhachtach chun forbairt a dhéanamh ar an Aontas amach anseo. Is fearr is féidir na ceangail sin a chothú trí fhoirmeacha éagsúla soghluaisteachta agus tá Malartuithe Ógra ar cheann díobh sin.

https://europa.eu/youth/home_ga

⁹⁵ Déantar príomhbhuiséad na Gníomhaíochta seo a leithdháileadh chun tacú le gníomhaíochtaí trasnáisiúnta lena mbaineann eagraíochtaí agus rannpháirtithe ó Bhallstáit an Aontais agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Mar sin féin, féadfaidh suas le 25 % den bhuiséad atá ar fáil gníomhaíochtaí soghluaisteachta idirnáisiúnta a mhaoiniú, agus eagraíochtaí agus rannpháirtithe ó thíortha an chláir agus ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár agus atá comharsanach leis an Aontas san áireamh (réigiún 1 go 4; féach an roinn ‘Tíortha incháilithe’ i gCuid A den Treoir seo).

Straitéisí téamacha i réimse na hóige

Leis an gClár Erasmus+ féachtar le rannpháirtíocht na hóige, treisiú cáilíochta próiseas foghlama neamhfhoirmiúla agus seachfhoirmiúla agus forbairt oibre óige ardcháilíochta a chur chun cinn. Tá tacaíocht bhreise sna réimsí sin ar fáil trí straitéisí téamacha sonracha, amhail an Straitéis Rannpháirtíochta Óige, Youthpass agus an Straitéis Eorpach um Oiliúint (ETS)⁹⁶.

TUAIRISC AR NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Malartuithe Ógra

Is éard atá i gceist le Malartuithe Ógra cruinnithe de ghrúpaí daoine óga ó dhá thír éagsúla ar a laghad a bhailíonn le chéile ar feadh tréimhse ghearr chun clár foghlama seachfhoirmiúla a chur chun feidhme go comhpháirteach (meascán de cheardlanna, cleachtaí, díospóireachtaí, gníomhaíochtaí rólghlactha, gníomhaíochtaí ionsamhlúcháin, gníomhaíochtaí lasmuigh, srl.) faoi thopaic ar spéis leo í, bunaithe ar na Spriocanna Eorpacha don Óige⁹⁷. Is éard atá i gceist leis an tréimhse foghlama tréimhse ullmhúcháin roimh an iarratas, céim ullmhúcháin roimh an malartú chomh maith le meastóireacht agus obair leantach ina dhiaidh sin.

Níl na gníomhaíochtaí seo a leanas incháilithe le haghaidh deontais faoi Mhalartuithe Ógra: turais staidéir acadúla; gníomhaíochtaí malartaithe arb é is aidhm dóibh brabús airgeadais a dhéanamh; gníomhaíochtaí malartaithe is féidir a mheas gur turasóireacht iad; féilte; taisteal saoire; turais feidhmíochta, cruinnithe reachtúla, cúrsaí oiliúna curtha ar fáil ag daoine fásta le haghaidh daoine óga.

Cuairteanna Ullmhúcháin

I dteannta Malartuithe Ógra, d'fhéadfadh Cuairteanna Ullmhúcháin a bheith i gceist le tionscadail freisin. Is é is aidhm do chuairteanna ullmhúcháin gníomhaíochtaí ardcháilíochta a áirithiú trí shocruithe riaracháin a éascú agus a ullmhú, an t-iontaobhas agus an tuiscint a chothú agus comhpháirtíocht láidir a chur ar bun idir na heagraíochtaí agus na daoine atá páirteach. I gcás gníomhaíochtaí Malartuithe Ógra le daoine óga ar lú na deiseanna atá acu, leis an gcuairt ullmhúcháin ba cheart a bheith in ann a áirithiú gur féidir freastal ar riachtanais shonracha na rannpháirtithe. Reáchtáiltear Cuairteanna Ullmhúcháin i dtír ceann de na n-ósteagraíochtaí roimh thús na gníomhaíochta Malartaithe Ógra.

⁹⁶ Tá liosta na straitéisí le fáil anseo: <https://www.salto-youth.net/>

⁹⁷ Forbraíodh na Spriocanna Eorpacha don Óige faoi chuimsiú Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh. Leis na spriocanna sin sainithnítear réimsí trasearnála lena ndéantar dífeall do shaol daoine óga agus tarraingítear aird ar dhúshláin. https://ec.europa.eu/youth/policy/youth-strategy_en

TIONSCADAL A BHUNÚ

Déanann ar a laghad dhá eagraíocht tionscadal a chur chun feidhme. Ba cheart do na heagraíochtaí atá páirteach i dtionscadal tairbhiú dá rannpháirtíocht; dá bhrí sin ba cheart an tionscadal a bheith i gcomhréir lena gcuspóirí agus ba cheart freastal ar a riachtanais leis an tionscadal. Glacann na heagraíochtaí atá páirteach na ról a bhaineann le rannpháirtithe 'a sheoladh' agus/nó 'a óstáil' is é sin, óstáil na gníomhaíochta. Glacann ceann de na heagraíochtaí ról an chomhordaitheora freisin agus déanann sé iarratas ar an tionscadal iomlán thar ceann na comhpháirtíochta.

Baineann ceithre chéim le tionscadal: pleanáil, ullmhú, cur chun feidhme agus obair leantach. Ní mór d'eagraíochtaí rannpháirteacha agus do dhaoine óga atá páirteach sna gníomhaíochtaí ról gníomhach a ghlacadh sna céimeanna sin uile, rud a chuirfidh feabhas ar a n-eispéireas foghlama.

- Pleanáil (riachtanais, cuspóirí, torthaí foghlama agus formáidí na gníomhaíochta a shainiú, an clár oibre a fhorbairt, na gníomhaíochtaí a sceidealú srl. sula gcuirtear an t-iarratas isteach)
- Ullmhú (socruithe praiticiúla, comhaontuithe a chur ar bun le comhpháirtithe, rannpháirtithe a ullmhú ó thaobh foghlaim teanga/idirchultúrtha de agus ó thaobh na gcúraimí de roimh imeacht srl.);
- Cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí;
- Obair leantach (meastóireacht ar na gníomhaíochtaí, torthaí foghlama na rannpháirtithe a shainaithint agus a dhoiciméadú, chomh maith le scaipeadh agus úsáid thorthaí an tionscadail).

Maidir le Malartú Ógra ardcháilíochta:

- tá sé ag brath ar rannpháirtíocht ghníomhach daoine óga agus eagraíochtaí rannpháirteacha, ar cheart dóibh ról gníomhach a ghlacadh i ngach céim den tionscadal, rud a fheabhsóidh a n-eispéireas foghlama agus forbartha;
- tá grúpaí éagsúla rannpháirtithe páirteach ann agus tógtar ar an éagsúlacht sin leis;
- tá sé bunaithe ar riachtanais na rannpháirtithe óga agus iad sainaitheanta go soiléir;
- áirithítear go ndéanfar torthaí foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla na rannpháirtithe a shainaithint agus a dhoiciméadú go cuí;
- spreagtar na rannpháirtithe chun a machnamh a dhéanamh ar thopaicí agus luachanna Eorpacha.

Próiseas foghlama

Má chuirtear Malartú Ógra ar bun i gcomhthéacs na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla ní mór ar a laghad cuid de na torthaí foghlama inmhianaithe a phleanáil roimh ré, chun na deiseanna iomchuí a áirithiú. Ba cheart do dhaoine óga a ghlacann páirt sa ghníomhaíocht rannchuidiú lena riachtanais agus leis an bhfoghlaim ar mian leo a bhaint amach nó a fhorbairt tríd an Malartú Ógra a shainaithint.

Ba cheart do na rannpháirtithe a bheith páirteach, a mhéid agus is féidir, i ndearadh agus forbairt na gníomhaíochta (an clár agus na modhanna oibre a chur ar bun agus roinnt na gcúraimí a shainiú) agus smaoineamh ar conas is féidir leo ullmhú chun go bhfoghlaiméoidís agus go bhforbróidís ar leibhéal pearsanta a mhéid agus is féidir le linn an Mhalartaithe.

Tar éis na croíghníomhaíochta, ba cheart a iarraidh ar na rannpháirtithe aiseolas a thabhairt ar an ngníomhaíocht, a machnamh a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha acu agus ar conas is féidir leo úsáid a bhaint as na torthaí foghlama sin. Thairis sin, ba cheart do rannpháirtithe obair leantach fhéideartha ar an ngníomhaíocht a chur san áireamh. Is féidir leo sin a dhéanamh ina n-aonar agus, nuair is féidir, mar ghrúpa.

Ba cheart d'eagraíochtaí tacú leis an bpróiseas foghlama, le sainaitheint agus doiciméadú na dtorthaí foghlama, go háirithe trí Youthpass.

Caighdeáin Cháilíochta Erasmus i réimse na hÓige

Agus gach tionscadal lena dtacaítear faoin nGníomhaíocht seo á chur chun feidhme, ní mór Caighdeáin Cháilíochta Erasmus i réimse na hÓige a leanúint chun gníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlama ardcháilíochta a eagrú. Le Caighdeáin Cháilíochta Erasmus i réimse na hÓige cumhdaítear prionsabail bhunúsacha na Gníomhaíochta, chomh maith le cleachtais nithiúla maidir le cur chun feidhme le haghaidh cúraimí tionscadail amhail roghnú agus ullmhú rannpháirtithe, sainiú, meastóireacht agus aitheanta torthaí foghlama, comhroinnt torthaí tionscadail, srl. Tá Caighdeáin Cháilíochta Erasmus i réimse na hÓige le fáil anseo: https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/resources/documents/erasmus-quality-standards-mobility-projects-youth_ga

Cosaint agus Sábháilteacht na rannpháirtithe

Tá baint ag ceannairí grúpa le Malartú Ógra. Déanann ceannairí grúpa monatóireacht agus soláthraíonn siad tacaíocht do rannpháirtithe chun an próiseas foghlama cáilíochtúil a áirithiú le linn na croíghníomhaíochta. San am céanna, freastalaíonn siad ar thimpeallacht shlán, mheasúil agus neamh-idirdhealaitheach agus ar chosaint na rannpháirtithe. Le linn Malartú Ógra a phleanáil agus a ullmhú, ba cheart dul i ngleic leis an tsaincheist a bhaineann le cosaint agus sábháilteacht na rannpháirtithe agus ba cheart foráil a dhéanamh maidir le gach beart is gá chun rioscaí a chosc/a laghdú.

GNÉITHE COTHROMÁNACHA

Agus tionscadal soghluaisteachta á dhearadh, ní mór na gnéithe cothrománacha a leanas a neartú:

An cuimsiú agus an éagsúlacht

Leis an gClár Erasmus+ féachtar leis an gcomhionannas deiseanna a chur chun cinn ar fud a ghníomhaíochtaí uile agus féachtar leis an rochtain, leis an gcuimsiú, agus leis an gcothroime a chur chun cinn leis sin freisin. Ba cheart d’eagraíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoin ngníomh seo gníomhaíochtaí tionscadail inrochtana agus cuimsitheacha a dhearadh, agus dearchaí na rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu á gcur san áireamh agus páirt á tabhairt dóibh sa phróiseas cinnteoireachta.

Oireann Malartuithe Ógra go háirithe do dhaoine óga ar lú na deiseanna atá acu a chuimsiú:

- Le soghluaisteacht grúpa tairgtear eispéireas soghluaisteachta idirnáisiúnta do dhaoine óga agus iad sábháilte i ngrúpa;
- Fágann fad gearr na Malartuithe Ógra go bhfuil rannpháirtíocht daoine óga ar lú na deiseanna atá acu iomchuí;
- Éascaíonn rannpháirtíocht rannpháirtithe áitiúla rannpháirtíocht i dtionscadail Eorpacha den chéad uair.

Tá Malartuithe Ógra oiriúnach freisin chun oibriú ar an gcuimsiú agus ar an éagsúlacht mar ábhar an tionscadail, mar shampla chun tacú leis an gcomhrac in aghaidh steiréitíopaí chomh maith leis an tuiscint, leis an gcaoinfhulaingt agus leis an neamh-idirdhealú a chothú. Leis an tionscadal iomlán, ba cheart cur chuige comhfhiosach a ghlacadh i leith an chuimsithe agus na héagsúlachta. Ba cheart na gnéithe sin a chur san áireamh i gcás na pleanála, an ullmhúcháin, an chur chun feidhme agus na hoibre leantaí.

Inbhuaine comhshaoil

Le Malartú Ógra, ba cheart iompar atá inbhuanaithe agus freagrach ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn i measc na rannpháirtithe, agus feachtas á múscailt faoin tábhacht a bhaineann le gníomhú chun lorg comhshaoil gníomhaíochtaí soghluaisteachta a laghdú nó a chúiteamh. Ba cheart Malartú Ógra a dhearadh agus a chur chun feidhme agus feachtas á

cothú ar an gcomhshaol mar shampla trí chleachtais inbhuanaithe a lánpháirtiú amhail ábhair in- athúsáidte nó éiceabhácha a roghnú, tríd an dramhaíl a laghdú, tríd an athchúrsáil agus trí mhodhanna iompair inbhuanaithe.

An claochlú digiteach i réimse na hóige

Leis an gClár Erasmus+ tacaítear leis na heagraíochtaí rannpháirteacha úsáid uirlisí agus modhanna foghlama digiteacha a ionchorprú chun a ngníomhaíochtaí fisiceacha a chomhlánú, chun feabhas a chur ar an gcomhar idir eagraíochtaí comhpháirteacha, agus chun feabhas a chur ar cháilíocht na ngníomhaíochtaí. Moltar tabhairt isteach gnéithe digiteacha agus gnéithe ar líne chun an tairseach le haghaidh rannpháirtíochta a íslíú do dhaoine óga ar lú na deiseanna atá acu. Trí thionscadail agus gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh borradh a chur faoi scileanna digiteacha, an litearthacht dhigiteach a chothú agus/nó tuiscint a fhorbairt ar rioscaí agus ar dheiseanna na teicneolaíochta digití, féadfaidh an clár meonta a athrú agus cur le cuir chuige dhigiteacha agus chumaisc a fhorbairt i ngníomhaíochtaí na hóige.

Ag brath ar dhearadh agus cuspóirí na ngníomhaíochtaí, forbairt na n-inniúlachtaí agus feasacht ar shaincheisteanna digiteacha, agus úsáid teicneolaíochtaí nua a bhféadfar a thabhairt isteach i soghluaisteachtaí foghlama.

Tairgeann na Gníomhaireachtaí Náisiúnta raon deiseanna oiliúna le haghaidh oibrithe óige agus ceannairí óige trína nGníomhaíochtaí Oiliúna agus Comhair, mar shampla ag tacú leis an gclaochlú digiteach i réimse na hóige. Foilsítear na tairiscintí ar an bhFéilire Oiliúna Eorpach <https://www.salto-youth.net/tools/european-training-calendar/> Is féidir spreagadh a aimsiú faoi na huirlisí SALTO freisin <https://www.salto-youth.net/tools/>

INBHUAINE COMHSHAOIL

Le tionscadal ba cheart iompar atá inbhuanaithe agus freagrach ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn i measc na rannpháirtithe, agus feasacht á múscailt faoin tábhacht a bhaineann le gníomhú chun lorg comhshaoil gníomhaíochtaí soghluaisteachta a laghdú nó a chúiteamh. Ba cheart é a dhearadh agus a chur chun feidhme agus feasacht á cothú ar an gcomhshaol mar shampla trí chleachtais inbhuanaithe a lánpháirtiú amhail ábhair in- athúsáidte nó éiceabhácha a roghnú, tríd an dramhaíl a laghdú, tríd an athchúrsáil agus trí mhodhanna iompair inbhuanaithe.

Rannpháirtíocht agus gníomhaíocht shibhialta

Tacaíonn an Clár Erasmus+ le gach eagraíocht rannpháirteach chun cáilíocht a dtionscadal a fheabhsú trí ghné rannpháirtíochta a chuimsiú, deiseanna ábhartha a thairiscint do dhaoine óga chun gabháil do cheapadh agus do chur chun feidhme gníomhaíochtaí tionscadail, agus chun páirt a ghlacadh sa cheapadh agus sa chur chun feidhme sin, mar bhealach chun eolas a chur ar thairbhí na saoránachta gníomhaí agus na rannpháirtíochta sa saol daonlathach. Tá acmhainní chun gné rannpháirtíochta tionscadal a dtacaítear leo le fáil *inter alia* ar an suíomh gréasáin participationpool.eu. Ina theannta sin, spreagtar naisc le tionscnaimh agus le hardáin (eile) náisiúnta nó idirnáisiúnta nó de chuid an Aontais atá ann cheana, atá bunaithe ar an rannpháirtíocht agus ar an rannpháirtíocht saoránach, agus spreagtar páirt a ghlacadh sna tionscnaimh agus sna hardáin den sórt sin.

NA CRITÉIR A ÚSÁIDTEAR CHUN MEASÚNÚ A DHÉANAMH AR THIONSCADAIL MALARTUITHE ÓGRA

CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Tá feidhm leis na critéir ghinearálta thíos maidir le tionscadail chaighdeánacha Malartuithe Ógra. Le haghaidh creidiúnuithe, féach an roinn ábhartha den treoir seo.

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Is féidir le haon eagraíocht nó grúpa rannpháirteach incháilithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas ach atá comhlachaithe leis an gClár a bheith ina (h)iarratasóir. Is í an eagraíocht sin a dhéanann iarratas thar ceann na n-eagraíochtaí rannpháirteacha uile atá páirteach sa tionscadal ⁹⁸ .
Eagraíochtaí rannpháirteacha incháilithe	Is féidir le heagraíocht rannpháirteach a bheith: - ina heagraíocht neamhbhrabúsach, ina comhlachas, ina heagraíocht neamhrialtasach; ina heagraíocht neamhrialtasach Eorpach don óige; ina comhlacht poiblí ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta; ina fiontar sóisialta; ina comhlacht brabúsach atá gníomhach sa Fhreagracht Shóisialta Chorporáideach; - ina grúpa neamhfhoirmiúil daoine óga⁹⁹. bunaithe i mBallstát de chuid an Aontais nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár (réigiún 1 go 4; féach an roinn ‘Tíortha incháilithe’ i gCuid A den Treoir seo).
An líon eagraíochtaí rannpháirteacha	Ní mór dhá eagraíocht rannpháirteacha ar a laghad (eagraíocht seolta amháin ar a laghad agus ósteagraíocht amháin ar a laghad) ó thíortha éagsúla a bheith páirteach.
Fad an tionscadail	Ó 3 mhí go 24 mhí.
Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh?	Faoi bhráid Ghníomhaireacht Náisiúnta na tíre ina bhfuil an t-iarratasóir bunaithe

⁹⁸ Beidh ar eagraíochtaí rannpháirteacha sainordú a shíniú don eagraíocht is iarratasóir. Ba cheart na sainorduithe a sholáthar i gcéim an iarratais agus faoin tráth a shínítear an comhaontú deontais ar a dhéanaí. Chun breis faisnéise a fháil, féach Cuid C den treoir seo.

⁹⁹ Grúpa de cheathrar daoine óga ar a laghad idir 13 bliana d’aois agus 30 bliain d’aois. Glacann duine de na comhaltaí den ghrúpa atá ar a laghad 18 mbliana d’aois ról an ionadaí chomh maith leis an bhfreagracht thar ceann an ghrúpa. Seiceáil an ghluais le haghaidh sainmhíniú ar ghrúpa neamhfhoirmiúil. Chun críoch na gníomhaíochta seo agus aon fhorála a bhaineann léi, bainfidh ‘grúpa neamhfhoirmiúil daoine óga’ leis an nóisean ‘eagraíocht rannpháirteach’. I gcás ina ndéantar tagairt do ‘eagraíocht rannpháirteach’ measfar go gcumhdaítear ‘grúpa neamhfhoirmiúil daoine óga’ leis sin freisin.

Cathain is féidir iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí a n- iarratas ar dheontas a chur isteach faoi na dátaí seo a leanas: An 23 Feabhra ar 12:00:00 (meán lae am na Buiséile) le haghaidh tionscadail dar tosach idir an 1 Meitheamh agus an 31 Nollaig an bhliain chéanna An 4 Deireadh Fómhair ar 12:00:00 (meán lae am na Buiséile) le haghaidh tionscadail dar tosach idir an 1 Eanáir agus an 31 Bealtaine an bhliain ina dhiaidh sin Babhta breise féideartha: Féadfaidh Gníomhaireachtaí Náisiúnta cinneadh a dhéanamh babhta breise a oscailt. Cuirfidh na Gníomhaireachtaí Náisiúnta na hiarratasóirí ar an eolas faoi oscailt an bhabhta bhreise trína suíomhanna gréasáin. Má eagraítear babhta breise, ní mór d'iarratasóirí a n- iarratais a chur isteach faoin 4 Bealtaine ar 12:00:00 (meán lae am na Buiséile) le haghaidh tionscadail dar tosach idir an 1 Lúnasa agus an 31 Nollaig an bhliain chéanna
Iarratas a dhéanamh	Féach cuid C den Treoir seo le haghaidh sonraí faoi conas iarratas a dhéanamh.
Iarscríbhinní	Ní mór dearbhú onóra ón ionadaí dlíthiúil a bheith i gceangal leis an bhfoirm iarratais. Ní mór tráthchlár de gach Malartú Ógra agus Cuairt Ullmhúcháin atá pleanáilte sa tionscadal a bheith i gceangal leis an bhfoirm iarratais.

Critéir Incháilitheachta bhreise maidir le Malartuithe Ógra

Fad na gníomhaíochta	Ó 5 go 21 lá, seachas laethanta taistil.
Ionad nó ionaid na gníomhaíochta	Ní mór an ghníomhaíocht a réachtáil i dtír ceann (nó roinnt, i gcás gníomhaíochtaí taistil) de na heagraíochtaí atá rannpháirteach sa ghníomhaíocht.
An líon eagraíochtaí rannpháirteacha	Ní mór dhá eagraíocht rannpháirteacha ar a laghad (eagraíocht seolta amháin ar a laghad agus ósteagraíocht amháin ar a laghad) ó thíortha éagsúla a bheith páirteach. Gníomhaíochtaí laistigh de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár: ní mór do gach eagraíocht rannpháirteach a bheith ó Bhallstát de chuid an Aontais nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Gníomhaíochtaí le tíortha nach bhfuil san Aontas atá i gcomharsanacht an Aontais agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár: maidir leis an ngníomhaíocht, ní mór d'eagraíocht rannpháirteach amháin ar a laghad teacht ó Bhallstát de chuid an Aontais nó ó thír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár agus eagraíocht rannpháirteach amháin teacht ó thír nach bhfuil san Aontas atá i gcomharsanacht an Aontais nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár (Réigiúin 1-4).

Rannpháirtithe incháilithe	Daoine óga idir 13 bliana d'aois agus 30 bliain d'aois¹⁰⁰ atá ina gcónaí i dtíortha a n-eagraíochtaí seolta agus a n-ósteagraíochtaí. Ní mór do cheannairí grúpa¹⁰¹ agus d'éascaitheoirí a bheith 18 mbliana d'aois ar a laghad.
An líon rannpháirtithe in aghaidh na gníomhaíochta agus comhdhéanamh na ngrúpaí náisiúnta	Ar a laghad 16 rannpháirtí agus ar a mhéad 60 rannpháirtí in aghaidh na gníomhaíochtaí (ní áirítear ceannairí grúpa, éascaitheoirí ná daoine tionlacain). I gcásanna Malartuithe Ógra ina bhfuil daoine óga ar lú na deiseanna atá acu, agus na daoine sin amháin, páirteach, is ionann an líon íosta rannpháirtithe agus 10 rannpháirtí. 4 rannpháirtí ar a laghad in aghaidh an ghrúpa (níl ceannairí grúpa, éascaitheoirí ná daoine tionlacain san áireamh sa líon sin). Ar a laghad dhá ghrúpa daoine óga ó dhá thír éagsúla. Ní mór ceannaire grúpa amháin ar a laghad a bheith ag gach grúpa. Beirt éascaitheoirí ar a mhéad in aghaidh na gníomhaíochta
Critéir eile	Ní mór do cheann de na heagraíochtaí seolta nó de na hósteagraíochtaí sa ghníomhaíocht a bheith ó thír na Gníomhaíochta Náisiúnta ar faoina bráid a chuirtear an t- iarratas.

Critéir Incháilitheachta bhreise maidir le Cuairteanna Ullmhúcháin

Ionad nó ionaid na gníomhaíochta	Ní mór an ghníomhaíocht a reáchtáil i dtír ceann de na hósteagraíochtaí.
Rannpháirtithe incháilithe	Ionadaithe ó na heagraíochtaí rannpháirteacha, éascaitheoirí, ceannairí grúpa agus daoine óga a ghlacann páirt sa phríomhghníomhaíocht.

¹⁰⁰ Is fiú an méid seo a leanas a chur san áireamh:

íostearainneacha aoise – ní mór an aois íosta a bheith slánaithe ag na rannpháirtithe i ndáta tosaigh na gníomhaíochta.

uasteorainneacha aoise – níor cheart do na rannpháirtithe a bheith níos sine ná an aois uasta léirithe i ndáta tosaigh na gníomhaíochta.

¹⁰¹ is éard is ceannaire grúpa ann duine fásta a théann i bpáirt leis na daoine óga atá rannpháirteach i malartú ógra chun a áirithiú go dtabharfaidh siad faoin bhfoghlaim, go gcosnófar iad agus go mbeidh sábháilte, agus sin ar bhealach éifeachtach.

CRITÉIR DHÁMHACHTANA

Déanfar measúnú ar thionscadail de réir na gcritéar dámhachtana seo a leanas. Ní mór do thograí 60 pointe ar a laghad a bhaint amach chun go gcuirfear san áireamh le haghaidh cistiúcháin iad. Thairis sin, ní mór dóibh ar a laghad leath na bpointí scóir uasta a bhaint amach i ngach ceann de na catagóirí le haghaidh critéir dhámhachtana a luaitear thíos.

Ábharthacht, réasúnaíocht agus tionchar (scór uasta 30 pointe)	• A ábhartha atá an tionscadal i leith an mhéid seo a leanas: - cuspóirí na Gníomhaíochta; - riachtanais eagraíochtaí rannpháirteacha agus rannpháirtithe an mhalartaithe; - A mhéid atá an togra oiriúnach chun torthaí foghlama ardcháilíochta a bhaint amach do na rannpháirtithe; - • Tionchar féideartha an tionscadail: - ar rannpháirtithe agus eagraíochtaí rannpháirteacha le linn shaolré an tionscadail agus ina dhiaidh sin; - lasmuigh de na heagraíochtaí agus ar dhaoine aonair atá rannpháirteach go díreach sa tionscadal, ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus/nó Eorpach nó domhanda. • A mhéid atá an togra oiriúnach chun rannchuidiú leis na héirimí cuimsithe agus éagsúlachta, glasa, digiteacha agus rannpháirteacha den chlár; • A mhéid a thugann an tionscadal nuatheachtaithe agus eagraíochtaí ag a bhfuil níos lú taithí isteach sa Ghníomhaíocht.
--	--

Cáilíocht dhearadh an tionscadail (scór uasta 40 pointe)	• An chomhsheasmhacht idir na riachtanais atá sainaitheanta, cuspóirí an tionscadail, próifílí na rannpháirtithe agus na gníomhaíochtaí a mholtar; • Soiléireacht, iomláine agus cáilíocht gach céime den tionscadal: pleanáil, ullmhú (agus an t- ullmhú a sholáthraítear do rannpháirtithe san áireamh), cur chun feidhme gníomhaíochtaí agus obair leantach; • A mhéid atá daoine óga páirteach i ngach céim de na gníomhaíochtaí; • A mhéid atá na gníomhaíochtaí deartha ar bhealach inrochtana agus cuimsitheach agus atá siad oscailte do rannpháirtithe ag a bhfuil cúlraí agus cumais éagsúla. • A iomchuí atá na modhanna foghlama rannpháirtíochta a mholtar, agus aon chomhchuid ar líne/dhigiteach san áireamh; • Cáilíocht na socruithe agus tacaíocht le haghaidh an phróisis machnaimh, sainaitheantais agus doiciméadú torthaí foghlama na rannpháirtithe, agus úsáid chomhsheasmhach uirlisí trédhearcachta agus aitheantais Eorpacha, go háirithe Youthpass; • Ionadaíocht chothromaithe rannpháirtithe ó thaobh tíortha agus inscne de; • Leordhóthanacht agus éifeachtacht na mbeart dá bhforáiltear chun sábháilteacht agus cosaint na rannpháirtithe a áirithiú; • A mhéid atá cleachtais atá inbhuanaithe agus neamhdhíobhálach don chomhshaol ionchorpraithe sna gníomhaíochtaí.
Cáilíocht bhainistíocht an tionscadail (scór uasta 30 pointe)	• Cáilíocht na socruithe praiticiúla agus na módúlachtaí bainistíochta agus tacaíochta; • Cáilíocht an chomhair agus na cumarsáide idir na heagraíochtaí rannpháirteacha, agus, ina theannta sin, le geallsealbhóirí ábhartha eile; • Cáilíocht na mbeart chun meastóireacht a dhéanamh ar chéimeanna agus torthaí éagsúla an tionscadail; • A iomchuí atá na bearta, agus cáilíocht na mbeart, arb é is aidhm dóibh torthaí an tionscadail a scaipeadh laistigh agus lasmuigh de na heagraíochtaí rannpháirteacha.

RIALACHA CISTIÚCHÁIN

Catagóir bhuiséid	Costais incháilithe agus rialacha is infheidhme	Méid		
Tacaíocht Eagraíochtúil	Costais atá nasctha go díreach le cur chun feidhme gníomhaíochtaí soghluaisteachta. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an líon rannpháirtithe, cé is moite de cheannairí grúpa, daoine tionlacain agus éascaitheoirí.	EUR 100 in aghaidh an rannpháirtí i Malartú Ógra		
Taisteal	Ranníocaíocht le costais taistil na rannpháirtithe, lena n-áirítear ceannairí grúpa, daoine tionlacain agus éascaitheoirí, óna n-áit bhunaidh chuig ionad na gníomhaíochta agus ar ais. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an achar taistil agus ar an líon daoine. Ní mór don iarratasóir an t-achar idir an áit bhunaidh agus ionad na gníomhaíochta a léiriú¹⁰² tríd an áireamhán taistil lena dtacaíonn an Coimisiún Eorpach a úsáid¹⁰³. Le haghaidh gníomhaíochtaí taistil, ba cheart don iarratasóir na hachair idir ionaid aonair a chur le chéile agus an banda achair a chomhfhreagraíonn don iomlán a roghnú¹⁰⁴.	Achar taistil	Taisteal caighdeánach	Taisteal glas
		10 – 99 km	EUR 23	
		100 – 499 km	EUR 180	EUR 210
		500 – 1 999 km	EUR 275	EUR 320
		2 000 – 2 999 km	EUR 360	EUR 410
		3 000 – 3 999 km	EUR 530	EUR 610
		4000 – 7999 km	EUR 820	
		8 000 km nó níos mo	EUR 1500	

¹⁰² Mar shampla, má bhíonn duine ó Mhaidrid (na Spáinne) ag glacadh páirt i ngníomhaíocht atá á reáchtáil sa Róimh (an Iodáil), déanfaidh an t-iarratasóir an t-achar ó Mhaidrid go dtí an Róimh a ríomh (1 365.28 KM) agus ansin roghnóidh an t-iarratasóir an banda achair taistil is infheidhme (is é sin, idir 500 agus 1 999 km).

¹⁰³ https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/resources/distance-calculator_ga

¹⁰⁴ Mar shampla, má bhíonn rannpháirtí ó Mhaidrid (na Spáinne) ag glacadh páirt i ngníomhaíocht taistil atá á reáchtáil sa Róimh (an Iodáil) ar dtús agus ansin i Liúibleána (na Slóivéine), déanfaidh an t-iarratasóir an t-achar idir Maidrid agus an Róimh (1 365.28 KM) a ríomh ar dtús, ansin ríomhaíodh sé an t-achar idir an Róimh agus Liúibleána (489,75 KM) agus cuirfidh sé an dá achar le chéile (1 855.03 KM) b) roghnóidh sé an banda achair taistil is infheidhme (is é sin, idir 500 agus 1 999 KM) agus c) déanfaidh sé an deontas ón Aontas a ríomh, rud a sholáthróidh ranníocaíocht le costais taistil an rannpháirtí ó Mhaidrid go Liúibleána (tríd an Róimh) agus ar ais (EUR 275).

Tacaíocht Aonair	Costais atá nasctha leis an gcothú. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar fhad an fhanachta in aghaidh an rannpháirtí, lena n-áirítear ceannairí grúpa, daoine tionlacain agus éascaitheoirí (más gá), lena n-áirítear 1 lá taistil freisin roimh an ngníomhaíocht agus 1 lá taistil i ndiaidh na gníomhaíochta, agus suas le 4 lá breise le haghaidh rannpháirtithe a fhaigheann deontas taistil ghlais.	Tábla A2.1 in aghaidh an rannpháirtí in aghaidh an lae
Tacaíocht chuimsiúcháin	Tacaíocht chuimsiúcháin d'eagraíochtaí: Costais a bhaineann le gníomhaíochtaí soghluaisteachta a eagrú ina bhfuil rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu rannpháirteach. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an líon rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu, cé is moite de cheannairí grúpa, daoine tionlacain agus éascaitheoirí.	EUR 100 in aghaidh an rannpháirtí i Malartú Ógra
	Tacaíocht chuimsiúcháin le haghaidh rannpháirtithe: Costais bhreise atá nasctha go díreach le rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu agus leis na daoine atá á dtionlacan, lena n-áirítear ceannairí grúpa agus éascaitheoirí (lena n-áirítear costais taistil agus chothaithe a dtugtar údar leo mura n-iarrtar deontas le haghaidh na rannpháirtithe sin trí na catagóirí buiséid ar a dtugtar 'Taisteal' agus 'Tacaíocht aonair'). Sásra maoiniúcháin: fórchostais. Riail maidir le leithdháileadh: ní mór don iarratasóir údar a thabhairt leis an iarraidh agus ní mór don Ghníomhaireacht Náisiúnta í a fhormheas.	100 % de chostais incháilithe
Tacaíocht le haghaidh cuairt ullmhúcháin	Costais atá nasctha le cur chun feidhme na cuairte ullmhúcháin lena n-áirítear costais taistil agus chothaithe. Sásra maoiniúcháin: costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: cé is moite de rannpháirtithe ón ósteagraíocht. Féadfar beirt	EUR 575 in aghaidh an rannpháirtí in aghaidh na cuairte ullmhúcháin.

	rannpháirtithe ar a mhéad in aghaidh na gníomhaíochta a mhaoiniú, ar choinníoll gur duine óg atá sa dara duine. Ina theannta sin, féadfar éascaitheoir amháin in aghaidh gach cuairte ullmhúcháin a mhaoiniú freisin. Coinníollach: an gá atá le cuairt ullmhúcháin, cuspóirí agus rannpháirtithe ní mór don iarratasóir údar a thabhairt leis an méid sin agus ní mór é a bheith formheasta ag an ngníomhaireacht náisiúnta. Níl feidhm ag an gcoinníoll sin maidir le tionscadail atá maoinithe faoin gcóras creidiúnaithe.	
Costais eisceachtúla	Costais chun ráthaíocht airgeadais a thabhairt, má iarrann an Ghníomhaireacht Náisiúnta sin. Víosa agus costais a bhaineann le víosa, ceadanna cónaithe, vacsaínithe agus deimhnithe leighis. Costais taistil chostasaigh na rannpháirtithe, agus daoine tionlacain, ceannairí grúpa, oiliúnoirí agus éascaitheoirí san áireamh nach féidir tacú leo leis an ngnáthchatagoir 'Taisteal', de bharr iargúlacht gheografach nó bacainní eile (is é sin, i gcás ina mbíonn costais taistil níos costasaí ann toisc go n-úsáidtear modhanna iompair níos glaine ag a bhfuil astaíochtaí níos ísle carbóin). Sásra maoiniúcháin: fíorchostais. Riail maidir le leithdháileadh: ní mór don iarratasóir údar a thabhairt leis an iarraidh agus ní mór don Ghníomhaireacht Náisiúnta í a fhormheas. Tá feidhm ag taisteal costasach i gcásanna nach gcumhdaíonn an tacaíocht taistil bunaithe ar chostas aonaid 70 % de chostais taistil na rannpháirtithe. Má dhámhtar iad, cuirtear na costais eisceachtúla le haghaidh taisteal costasach in ionad an deontais taistil chaighdeánaigh.	Ráthaíocht airgeadais: 80 % de chostais incháilithe Costais taistil chostasaigh: 80 % de chostais taistil incháilithe Víosa agus costais a bhaineann le víosa, ceadanna cónaithe, vacsaínithe agus deimhnithe leighis: 100 % de chostais incháilithe

Tábla **A2.1** Tacaíocht aonair le haghaidh malartuithe ógra

	Tacaíocht aonair (euro in aghaidh an lae)
An Ostair	EUR 51
An Bheilg	EUR 47
An Bhulgáir	EUR 36
An Chróit	EUR 39
An Chipir	EUR 36
Poblacht na Seice	EUR 36
An Danmhairg	EUR 51
An Eastóin	EUR 37
An Fhionlainn	EUR 51
An Mhacadóin Thuaidh	EUR 31
An Fhrainc	EUR 43
An Ghearmáin	EUR 46
An Ghréig	EUR 43
An Ungáir	EUR 37
An Íoslainn	EUR 51
Éire	EUR 55
An Iodáil	EUR 44
An Laitvia	EUR 38
Lichtinstéin	EUR 51
An Liotuáin	EUR 38
Lucsamburg	EUR 51
Málta	EUR 44
An Ísiltír	EUR 51
An Iorua	EUR 56
An Pholainn	EUR 38
An Phortaingéil	EUR 42
An Rómáin	EUR 36
An tSeirbia	EUR 33
An tSlóvaic	EUR 39
An tSlóivéin	EUR 38
An Spáinn	EUR 38
An tSualainn	EUR 51
An Tuirc	EUR 36

Tíortha comharsanachta nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár	EUR 33
---	--------

TIONSCADAIL SOGHLUAISTEACHTA LE HAGHAIDH OIBRITHE ÓIGE

Faoin nGníomhaíocht seo¹⁰⁵, is féidir le heagraíochtaí tacaíocht a fháil chun tionscadail a chur i gcrích arb é atá iontu gníomhaíocht foghlama amháin nó níos mó le haghaidh forbairt ghairmiúil agus fothú acmhainneachta oibrithe óige agus a n-eagraíochta.

CUSPÓIRÍ NA GNÍOMHAÍOCHTA

Leis an nGníomhaíocht seo tacaítear le forbairt ghairmiúil oibrithe óige agus ar an mbealach sin le forbairt oibre óige ardcháilíochta ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta, trí eispéiris sheachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla i ngníomhaíochtaí soghluaisteachta. Tá an Gníomhaíocht ina rannchuidiú le cuspóirí Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019- 2027, go háirithe an Clár Oibre Eorpach don Obair Óige¹⁰⁶ maidir le cáilíocht, nuálaíocht agus aithint oibre óige.

Go sonrach, is é is aidhm do thionscadail soghluaisteachta le haghaidh oibrithe óige:

- Deiseanna foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla a sholáthar le haghaidh forbairt oideachais agus ghairmiúil daoine óige, rud a rannchuidíonn le cleachtas aonair ardcháilíochta agus le teacht chun cinn eagraíochtaí agus córas maidir le hobair óige;
- Pobal oibrithe óige a thógáil lenar féidir tacú le cáilíocht tionscadal agus gníomhaíochtaí daoine óga i gclár de chuid an Aontais agus lastall de sin.
- Cleachtais oibre óige áitiúla a fhorbairt agus rannchuidiú le fothú acmhainneachta le haghaidh obair óige ardcháilíochta na rannpháirtithe agus a n-eagraíochta, agus tionchar soiléir aige sin ar obair thráthrialta na n-oibrithe óige rannpháirteacha le daoine óga.

COMHTHÉACS BEARTAIS

Le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019- 2027 leagtar amach Creat le haghaidh comhar Eorpach i réimse na hóige, bunaithe ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 22 Bealtaine 2018 maidir le páirt a thabhairt do dhaoine óga, ceangail a dhéanamh leo agus iad a chumhachtú. Leis an Straitéis cothaítear rannpháirtíocht na hóige sa saol daonlathach, tacaítear le rannpháirtíocht shóisialta agus saoránach agus is é is aidhm di a áirithiú go mbeidh na hacmhainní is gá ag gach duine óg chun páirt a ghlacadh sa tsochaí. I Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh áirítear próiseas idirphlé Óige freisin agus sa chomhthéacs sin, forbraíodh 11 Sprioc Eorpacha don Óige in 2018. Leis na spriocanna sin saináithnítear réimsí trasearnála lena ndéantar difear do shaol daoine óga agus tarraingítear aird ar dhúshláin. Le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh ba

¹⁰⁵ Déantar príomhbhuiséad na Gníomhaíochta seo a leithdháileadh chun tacú le gníomhaíochtaí trasnáisiúnta lena mbaineann eagraíochtaí agus rannpháirtithe ó Bhallstáit an Aontais agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Mar sin féin, féadfaidh suas le 25 % den bhuiséad atá ar fáil gníomhaíochtaí soghluaisteachta idirnáisiúnta a mhaoiniú, agus eagraíochtaí agus rannpháirtithe ó thíortha an chláir agus ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár agus atá comharsanach leis an Aontas san áireamh (réigiúin 1 go 4; féach an roinn 'Tíortha incháilithe' i gCuid A den Treoir seo).

¹⁰⁶ *Resolution of the Council and of the Representatives of the Governments of the Member States meeting within the Council on the Framework for establishing a European Youth Work Agenda* [Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh laistigh den Chomhairle maidir leis an gCreat chun Clár Oibre Eorpach don Obair Óige a bhunú]
http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=uriserv:OJ.C_.2020.415.01.0001.01.ENG. Is féidir tuilleadh eolais ar chur chun feidhme an Chláir Oibre Eorpaigh don Obair Óige a aimsiú ag www.bonn-process.net.

cheart rannchuidiú leis an bhfís sin a fhíorú le haghaidh daoine óga. Faoin gcróiréimse a bhaineann le cumhachtú, le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh tacaítear le cumhachtú na hóige trí cháilíocht, nuálaíocht agus aithint oibre óige.

https://europa.eu/youth/home_ga

Straitéisí téamacha i réimse na hóige

Leis an gClár Erasmus+ féachtar le rannpháirtíocht na hóige, treisiú cáilíochta próiseas foghlama neamhfhoirmiúla agus seachfhoirmiúla agus forbairt oibre óige ardcháilíochta a chur chun cinn. Tá tacaíocht bhreise sna réimsí sin ar fáil trí straitéisí téamacha sonracha, amhail an Straitéis Rannpháirtíochta Óige, Youthpass agus an Straitéis Eorpach um Oiliúint (ETS)¹⁰⁷.

TUAIRISC AR NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Gníomhaíochtaí Forbartha Gairmiúla (GFGanna)

Is éard atá i gceist le gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla gníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlama trasnáisiúnta nó idirnáisiúnta lena dtacaítear le forbairt ghairmiúil oibrithe óige. Is féidir go mbeidh siad i bhfoirm:

- **Cuairteanna staidéir agus cineálacha éagsúla tascanna**, amhail an scáthfhoghlaím, malartuithe oibrithe óige agus an phiarfhoghlaim, in eagraíochtaí oibre óige agus in eagraíochtaí atá gníomhach i réimse na hóige ar an gcoigríoch.
- **Líonrú agus tógáil pobail** i measc oibrithe óige atá ag glacadh páirt sa ghníomhaíocht agus a thacaíonn lena cuspóirí.
- **Cúrsaí oiliúna** lena dtacaítear le forbairt inniúlachtaí (mar shampla bunaithe ar shamhlacha inniúlachta ábhartha atá ann cheana), chun cleachtais oibre óige ardcháilíochta a chur chun feidhme nó aghaidh a thabhairt ar mhodhanna nuálacha agus iad a thástáil (cuir i gcás i ndáil le hobair óige dhigiteach agus chliste¹⁰⁸).
- **Seimineáir agus ceardlanna** lena dtacaítear go háirithe le cothú eolais agus comhroinnt dea-chleachtas atá nasctha le cuspóirí, luachanna agus tosaíochtaí Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh agus clár de chuid an Aontais atá ina rannchuidiú lena cur chun feidhme.

Níl na gníomhaíochtaí seo a leanas incháilithe le haghaidh deontais faoi thionscadail soghluaisteachta le haghaidh oibrithe óige: turais staidéir acadúla; gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh brabús airgeadais a dhéanamh; gníomhaíochtaí is féidir a mheas gur turasóireacht iad; féilte; taisteal saoire; turais feidhmíochta, cruinnithe reachtúla.

Gníomhaíochtaí forbartha córais agus for-rochtana

Is féidir go n-áireofar i dtionscadail soghluaisteachta le haghaidh oibrithe óige **gníomhaíochtaí forbartha córais agus for-rochtana**, ar gníomhaíochtaí comhlántacha iad arb é is aidhm dóibh tionchar an tionscadail soghluaisteachta ar an láthair a fheabhsú. Áirítear iontu na gníomhaíochtaí sin uile arb é is aidhm dóibh rannchuidiú leis an gClár Oibre Eorpach don Obair Óige¹⁰⁹ le haghaidh cáilíocht, nuálaíocht agus aithint oibre óige agus na ceachtanna a foghlaimíodh chomh maith

¹⁰⁷ Tá liosta na straitéisí le fáil anseo: <https://www.salto-youth.net/>

¹⁰⁸ [https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52017XG1207\(01\)](https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52017XG1207(01))

¹⁰⁹ http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=uriserv:OJ.C_.2020.415.01.0001.01.ENG and www.bonn-process.net

le huirlisí a thabhairt ar ais do na heagraíochtaí atá páirteach sna tionscadail agus lastall díobh. Is éard atá i gceist leis na gníomhaíochtaí comhlántacha sin deis chun go bhféadfaidh tairbhíthe ag a bhfuil níos mó taithí agus atá níos acmhainní tástáil a dhéanamh ar mhodhanna agus freagraí nuálacha i leith dúshláin choiteanna, spás de chineál 'saotharlann oibre óige Eorpaí' a eascraíonn as na gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla a chuirtear chun feidhme laistigh de na tionscadail agus macalla acu iontu.

Mar chuid de na samplaí áirítear uirlisí a sholáthar agus cleachtais a chomhroinnt lena rannchuidítear le forbairt agus teacht chun cinn oibrithe óige, eagraíochtaí agus córas, gníomhaíochtaí for-rochtana agus tógála pobail agus modhanna nuálacha a thabhairt isteach lena n-áirítear úsáid teicneolaíochtaí digiteacha trí obair óige. Téann na gníomhaíochtaí sin thar na gníomhaíochtaí scaipthe leantacha, atá mar chuid de ghnáth-shaolré an tionscadail, ach is féidir, áfach, le gníomhaíochtaí scaipthe níos dírithe agus straitéisí a bheith ag baint leis na gníomhaíochtaí comhlántacha sin freisin.

Is féidir gníomhaíocht forbartha córais agus for-rochtana a dhéanamh ar an leibhéal trasnáisiúnta, idirnáisiúnta nó náisiúnta.

Cuairteanna ullmhúcháin

Is é is aidhm do chuairteanna ullmhúcháin gníomhaíochtaí ardcháilíochta a áirithiú trí shocruithe riaracháin a éascú agus a ullmhú, an t-iontaobhas agus an tuiscint a chothú agus comhpháirtíocht láidir a chur ar bun idir na heagraíochtaí agus na daoine atá páirteach. Reáchtáiltear cuairteanna ullmhúcháin i dtír ceann de na hósteagraíochtaí roimh thús na gníomhaíochta forbartha gairmiúla.

TIONSCADAL A BHUNÚ

Ní mór gníomhaíocht forbartha gairmiúla amháin nó níos mó a bheith san áireamh i dtionscadal lena dtacaítear leis an ngníomhaíocht seo. Is féidir gníomhaíochtaí a chomhcheangal ar bhealach solúbtha, ag brath ar chuspóirí an tionscadail agus ar riachtanais na heagraíochta rannpháirtí nó na n-eagraíochtaí rannpháirteacha agus na n-oibrithe óige rannpháirteacha.

Déanann ar a laghad dhá eagraíocht tionscadal a chur chun feidhme. Ní mór na heagraíochtaí uile atá páirteach a shainaithint i gcéim an iarratais mar chomhpháirtíocht láidir agus tá rithábhacht leis sin chun tionscadail ardcháilíochta a chur i gcrích. Glacann na heagraíochtaí atá páirteach na ról a bhaineann le rannpháirtithe 'a sheoladh' agus/nó 'a óstáil' is é sin, óstáil na gníomhaíochta. Glacann ceann de na heagraíochtaí ról an chomhordaitheora freisin agus déanann sé iarratas ar an tionscadal iomlán thar ceann na comhpháirtíochta.

Baineann ceithre chéim le tionscadal: pleanáil, ullmhú, cur chun feidhme agus obair leantach.

- Pleanáil (riachtanais, cuspóirí, torthaí foghlama agus formáidí na gníomhaíochta a shainiú, an clár oibre a fhorbairt, na gníomhaíochtaí a sceidealú srl.)
- Ullmhú (socruithe praiticiúla, roghnú na rannpháirtithe, comhaontuithe a chur ar bun le comhpháirtithe, rannpháirtithe a ullmhú ó thaobh foghlaim teanga/idirchultúrtha de agus ó thaobh na gcúraimí de roimh imeacht srl.);
- Cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí;
- Obair leantach (meastóireacht ar na gníomhaíochtaí, torthaí foghlama na rannpháirtithe a shainaithint agus a dhoiciméadú, chomh maith le scaipeadh agus úsáid thorthaí an tionscadail).

Tionscadal soghluaisteachta ardcháilíochta le haghaidh oibrithe óige:

- tá tionchar soiléir aige sin ar obair thráthrialta na n-oibrithe óige rannpháirteacha le daoine óga agus ar a n-eagraíocht;
- tá sé ag brath ar rannpháirtíocht ghníomhach eagraíochtaí rannpháirteacha agus oibrithe óige, ar cheart dóibh ról gníomhach a ghlacadh i ngach céim den tionscadal, rud a fheabhsóidh a n-eispéireas foghlama agus forbartha;
- tá sé bunaithe ar na riachtanais oideachais agus forbartha gairmiúla atá ag oibrithe óige agus iad sainaitheanta go soiléir¹¹⁰ go háirithe ó thaobh cáilíochta, nuálaíochta agus aitheantais de, agus tá bearta roghnúcháin, ullmhúcháin agus leantacha iomchuí ag gabháil leis;
- áirithítear go ndéanfar torthaí foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla na rannpháirtithe a aithint go cuí agus go mbeidh torthaí an tionscadail, lena n-áirítear aon mhodh, ábhar agus uirlis, inaistrithe agus á n-úsáid laistigh de na heagraíochtaí rannpháirteacha, rud a rannchuidíonn le teacht chun cinn eagraíochtaí oibre óige, agus áirithítear go mbeidh siad scaipthe go fairsing ina theannta sin i réimse na hóige;
- spreagtar na rannpháirtithe chun a machnamh a dhéanamh ar thopaicí agus luachanna Eorpacha agus soláthraítear uirlisí agus modhanna d'oibrithe óige chun an meas a chur chun cinn agus an éagsúlacht a bhainistiú ina n-obair laethúil.
- cuirtear úsáid cleachtas agus modhanna nuálacha chun cinn amhail cuimsiú gníomhaíochtaí oibre óige digiteacha d'fhonn iad a bheith ina n-uirlis lena gcoiscfí aon fhoirm bréagfhaisnéise ar líne agus bréagnuachta.

Próiseas Foghlama

Le tionscadal Soghluaisteachta le haghaidh Oibrithe Óige is gá tacaíocht don phróiseas machnaimh a bheartú, sin agus sainaitheint agus doiciméadú torthaí foghlama, go háirithe trí Youthpass, chun tacú le haithint agus tionchar na nithe seo a leanas - torthaí an tionscadail, agus na cleachtais, na modheolaíochtaí agus na hábhair oibre óige a bheidh ann i réimse na hoibre óige de bharr an tionscadail.

COSAINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT NA RANNPHÁIRTITHE

Le linn tionscadal a phleanáil agus a ullmhú, ba cheart dul i ngleic leis an tsaincheist a bhaineann le cosaint agus sábháilteacht na rannpháirtithe agus ba cheart foráil a dhéanamh maidir le gach beart is gá chun rioscaí a chosc/a laghdú.

CAIGHDEÁIN CHÁILÍOCHTA ERASMUS+ I RÉIMSE NA HÓIGE

Agus gach tionscadal lena dtacaítear faoin nGníomhaíocht seo á chur chun feidhme, ní mór **Caighdeáin Cháilíochta Erasmus+ i réimse na hÓige** a leanúint chun gníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlama ardcháilíochta a eagrú. Le Caighdeáin Cháilíochta Erasmus+ i réimse na hÓige cumhdaítear prionsabail bhunúsacha na gníomhaíochta, chomh maith le cleachtais nithiúla maidir le cur chun feidhme le haghaidh cúraimí tionscadail amhail roghnú agus ullmhú rannpháirtithe, sainiú, meastóireacht agus aithint torthaí foghlama, comhroinnt torthaí tionscadail, srl. Tá Caighdeáin Cháilíochta Erasmus+ i réimse na hÓige le fáil anseo: https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/resources/documents/erasmus-quality-standards-mobility-projects-youth_ga

¹¹⁰ Tagairt do European Training Strategy Competence model for Youth Workers to work internationally, [Samhail Inniúlachtaí de chuid na Straitéise Oiliúna Eorpaí chun go bhféadfaidh Oibrithe Óige oibriú go hidirnáisiúnta] <https://www.salto-youth.net/rc/training-and-cooperation/trainingstrategy/>

Gnéithe cothrománacha

Agus tionscadal soghluaisteachta á dhearadh, ba cheart na gnéithe a leanas atá comhchoiteann maidir le clár iomlán Erasmus+ a chomhtháthú: :

AN CUIMSIÚ AGUS AN ÉAGSÚLACHT

Leis an gClár Erasmus+ féachtar leis an gcomhionannas deiseanna a chur chun cinn ar fud a ghníomhaíochtaí uile agus féachtar leis an rochtain, leis an gcuimsiú, agus leis an gcothroime a chur chun cinn leis sin freisin. Ba cheart d’eagraíochtaí gníomhaíochtaí tionscadail inrochtana agus cuimsitheacha a dhearadh, agus dearcthaí na rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu á gcur san áireamh agus páirt á tabhairt dóibh sa phróiseas cinnteoireachta.

- Tá tionscadail Soghluaisteachta le haghaidh Oibrithe Óige oiriúnach go háirithe chun éagsúlacht feasachta oibrithe óige a fheabhsú chomh maith leis na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá a fhoghlaim chun rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu a chuimsiú i gcleachtais oibre óige. Le rannpháirtíocht na n-oibrithe óige rannpháirteacha i ngach céim den tionscadal cothaítear treoraíocht mhionchúiseach tríd an bpróiseas foghlama agus forbartha agus is féidir obair leantach níos dlúithe a dhéanamh;
- Ach oiliúnóirí agus éascaitheoirí a bheith i láthair sa chuid is mó de na gníomhaíochtaí áirithítear cur chuige níos dlúithe agus oiriúnaithe, saincheaptha do riachtanais na rannpháirtithe;
- Leis an tionscadal iomlán, ba cheart cur chuige comhfhiúch a ghlacadh i leith an chuimsithe agus na héagsúlachta. Ba cheart na gnéithe sin a chur san áireamh i gcás na pleanála, an ullmhúcháin, an chur chun feidhme agus na hoibre leantaí. Tá tábhacht ar leith leis an mbealach a bhfeabhsaíonn an tionscadal cumas na n-eagraíochtaí rannpháirteacha chun dul i ngleic le saincheisteanna cuimsithe agus éagsúlachta ina ngníomhaíochtaí tráthrialta.
- Tá an fhormáid sin oiriúnach chun rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu a tharraingt chun bheith rannpháirteach freisin. Leis an tsolúbthacht a bhaineann leis an ngníomhaíocht i bhformáid na ngníomhaíochtaí (mar shampla, fad, cineál, srl.), is féidir oiriúnú do riachtanais rannpháirtithe. Ina theannta sin, oireann tionscadail soghluaisteachta le haghaidh Oibrithe Óige d’obair maidir leis an gcuimsiú agus leis an éagsúlacht mar ábhar an tionscadail, mar shampla cleachtais agus modhanna chuimsitheacha a mhalartú.

INBHUAINE COMHSHAOIL

Le tionscadal ba cheart iompar atá inbhuanaithe agus freagrach ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn i measc na rannpháirtithe, agus feasacht á múscailt faoin tábhacht a bhaineann le gníomhú chun lorg comhshaoil gníomhaíochtaí soghluaisteachta a laghdú nó a chúiteamh. Ba cheart é a dhearadh agus a chur chun feidhme agus feasacht á cothú ar an gcomhshaoil mar shampla trí chleachtais inbhuanaithe a lánpháirtiú amhail ábhair in-athúsáidte nó éiceabhácha a roghnú, tríd an dramhaíl a laghdú, tríd an athchúrsáil agus trí mhodhanna iompair inbhuanaithe.

CLAOCHLÚ DIGITEACH

Leis an gClár Erasmus+ tacaítear leis na heagraíochtaí rannpháirteacha úsáid uirlisí agus modhanna foghlama digiteacha a ionchorprú chun a ngníomhaíochtaí fisiceacha a chomhlánú, chun feabhas a chur ar an gcomhar idir eagraíochtaí comhpháirteacha, agus chun feabhas a chur ar cháiliíocht na ngníomhaíochtaí. Moltar tabhairt isteach gnéithe digiteacha agus gnéithe ar líne chun an tairseach le haghaidh rannpháirtíochta a ísliú le haghaidh rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu. Trí thionscadail agus gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh borradh a chur faoi scileanna digiteacha, an litearthacht dhigiteach a chothú agus/nó tuiscint a fhorbairt ar rioscaí agus ar dheiseanna na teicneolaíochta digití, féadfaidh an clár meonta a athrú agus cur le cuir chuige dhigiteacha agus chumaisc a fhorbairt i ngníomhaíochtaí na hóige.

Ag brath ar dhearadh agus cuspoirí na ngníomhaíochtaí, forbairt na n-inniúlachtaí agus feasacht ar shaincheisteanna digiteacha, agus úsáid teicneolaíochtaí nua a bhféadfar a thabhairt isteach i soghluaisteachtaí foghlama.

Tairgeann na Gníomhaireachtaí Náisiúnta raon deiseanna oiliúna le haghaidh oibrithe óige agus ceannairí óige trína nGníomhaíochtaí Oiliúna agus Comhair, mar shampla ag tacú leis an gclaochlú digiteach i réimse na hóige. Foilsítear na tairiscintí ar an bhFéilire Oiliúna Eorpach <https://www.salto-youth.net/tools/european-training-calendar/> Is féidir spreagadh a aimsiú faoi na huirlisí SALTO freisin <https://www.salto-youth.net/tools/>

RANNPHÁIRTÍOCHT

Tacaíonn an Clár Erasmus+ le gach eagraíocht rannpháirteach chun cáilíocht a dtionscadal a fheabhsú trí ghné rannpháirtíochta a chuimsiú, deiseanna ábhartha a thairiscint d'oibrithe óige chun gabháil do cheapadh agus do chur chun feidhme gníomhaíochtaí tionscadail, agus chun páirt a ghlacadh sa cheapadh agus sa chur chun feidhme sin, mar bhealach chun eolas a chur ar thairbhí na saoránachta gníomhaí agus na rannpháirtíochta sa saol daonlathach. Tá acmhainní chun gné rannpháirtíochta tionscadal a dtacaítear leo le fáil *inter alia* ar an suíomh gréasáin participationpool.eu. Ina theannta sin, spreagtar naisc le tionscnaimh agus le hardáin (eile) náisiúnta nó idirnáisiúnta nó de chuid an Aontais atá ann cheana, atá bunaithe ar an rannpháirtíocht agus ar an rannpháirtíocht saoránach, agus spreagtar páirt a ghlacadh sna tionscnaimh agus sna hardáin den sórt sin.

NA CRITÉIR A ÚSÁIDTEAR CHUN MEASÚNÚ A DHÉANAMH AR THIONSCADAIL CHAIGHDEÁNACHA SOGHLUAISTEACHTA OIBRITHE ÓIGE

CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Tá feidhm leis na critéir ghinearálta thíos maidir le tionscadail chaighdeánacha Soghluaisteachta d'Oibrithe Óige. Le haghaidh iarratasóirí creidiúnaithe, féach an roinn ábhartha den Treoir seo.

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Is féidir le haon eagraíocht rannpháirteach incháilithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas ach atá comhlachaithe leis an gClár a bheith ina hiarratasóir. Is í an eagraíocht sin a dhéanann iarratas thar ceann na n-eagraíochtaí rannpháirteacha uile atá páirteach sa tionscadal ¹¹¹ .
Eagraíochtaí rannpháirteacha incháilithe	Is féidir le heagraíocht rannpháirteach a bheith: • ina heagraíocht neamhbhrabúsach, ina comhlachas, ina heagraíocht neamhrialtasach; ina heagraíocht neamhrialtasach Eorpach don óige; ina comhlacht poiblí ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta; ina fiontar sóisialta; ina comhlacht brabúsach atá gníomhach sa fhreagracht chorpóraideach; • ina grúpa daoine óga atá gníomhach in obair óige ach ní gá mbeidís gníomhach i gcomhthéacs eagraíochta óige (is é sin, grúpa neamhfhoirmiúil daoine óga)¹¹² bunaithe i mBallstát de chuid an Aontais nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár (réigiúin 1 go 4; féach an roinn ‘Tíortha incháilithe’ i gCuid A den Treoir seo).
An líon eagraíochtaí rannpháirteacha	Ní mór dhá eagraíocht rannpháirteacha ar a laghad (eagraíocht seolta amháin ar a laghad agus ósteagraíocht amháin ar a laghad) ó thíortha éagsúla a bheith páirteach.
Fad an tionscadail	Ó 3 mhí go 24 mhí
Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh?	Is féidir iarratas a chur faoi bhráid Ghníomhaireacht Náisiúnta na tíre ina bhfuil an eagraíocht is iarratasóir bunaithe

¹¹¹ Beidh ar eagraíochtaí rannpháirteacha sainordú a shíniú don eagraíocht is iarratasóir. Ba cheart na sainorduithe a sholáthar i gcéim an iarratais agus faoin tráth a shínítear an comhaontú deontais ar a dhéanaí. Chun breis faisnéise a fháil, féach Cuid C den treoir seo.

¹¹² Grúpa de cheathrar daoine óga ar a laghad idir 13 bliana d’aois agus 30 bliain d’aois. Glacann duine de na comhaltaí den ghrúpa atá ar a laghad 18 mbliana d’aois ról an ionadaí chomh maith leis an bhfreagracht thar ceann an ghrúpa. Seiceáil an ghluais le haghaidh sainmhíniú ar ghrúpa neamhfhoirmiúil.

Cathain is féidir iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí a n- iarratas ar dheontas a chur isteach faoi na dátaí seo a leanas: An 23 Feabhra ar 12:00:00 (meán lae am na Buiséile) le haghaidh tionscadail dar tosach idir an 1 Meitheamh agus an 31 Nollaig an bhliain chéanna An 4 Deireadh Fómhair ar 12:00:00 (meán lae am na Buiséile) le haghaidh tionscadail dar tosach idir an 1 Eanáir agus an 31 Bealtaine an bhliain ina dhiaidh sin Babhta breise féideartha: Féadfaidh Gníomhaireachtaí Náisiúnta cinneadh a dhéanamh babhta breise a oscailt. Cuirfidh na Gníomhaireachtaí Náisiúnta na hiarratasóirí ar an eolas faoi oscailt an bhabhta bhreise trína suíomhanna gréasáin. Má eagraítear babhta breise, ní mór d'iarratasóirí a n- iarratais a chur isteach faoin 4 Bealtaine ar 12:00:00 (meán lae am na Buiséile) le haghaidh tionscadail dar tosach idir an 1 Lúnasa agus an 31 Nollaig an bhliain chéanna
Iarratas a dhéanamh	Féach cuid C den Treoir seo le haghaidh sonraí faoi conas iarratas a dhéanamh.
Critéir eile	Ní mór dearbhú onóra ón ionadaí dlíthiúil a bheith i gceangal leis an bhfoirm iarratais. Ní mór Gníomhaíocht Forbartha Gairmiúla amháin ar a laghad a bheith san áireamh i ngach tionscadal. Ní mór tráthchlár le haghaidh gach Gníomhaíochta Forbartha Gairmiúla, cuairte ullmhúcháin agus gníomhaíochta forbartha córais agus for- rochtana atá pleanáilte sa tionscadal a bheith i gceangal leis an bhfoirm iarratais.

Critéir incháilitheachta bhreise maidir le gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla

Fad na ngníomhaíochtaí	Ó 2 go 60 lá, seachas laethanta taistil. Ní mór an 2 lá íosta a bheith as a chéile.
Ionad nó ionaid na ngníomhaíochtaí	Ní mór na gníomhaíochtaí a reáchtáil i dtír ceann (nó roinnt, i gcás gníomhaíochtaí taistil) de na heagraíochtaí atá rannpháirteach sa ghníomhaíocht.
An líon eagraíochtaí rannpháirteacha	Ní mór dhá eagraíocht rannpháirteacha ar a laghad (eagraíocht seolta amháin ar a laghad agus ósteagraíocht amháin ar a laghad) ó thíortha éagsúla a bheith páirteach. Gníomhaíochtaí laistigh de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár: ní mór do gach eagraíocht rannpháirteach a bheith ó Bhallstát de chuid an Aontais nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Gníomhaíochtaí le tíortha nach bhfuil san Aontas atá i gcomharsanacht an Aontais agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár: maidir leis an ngníomhaíocht, ní mór d'eagraíocht rannpháirteach amháin ar a laghad teacht ó Bhallstát de chuid an Aontais nó ó thír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár agus eagraíocht rannpháirteach amháin teacht ó thír nach bhfuil san Aontas ach atá i gcomharsanacht an Aontais agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár (réigiúin 1-4).
Rannpháirtithe incháilithe	Ní hann d'aon teorainn aoise. Ní mór do rannpháirtithe, cé is moite d'oiliúnóirí, daoine tionlacain agus éascaitheoirí, a bheith ina gcónaí i dtír a n- eagraíochta seolta nó ósteagraíochta.
An líon rannpháirtithe	An líon rannpháirtithe: Suas le 50 rannpháirtí (seachas, i gcás inarb ábhartha, oiliúnóirí, daoine tionlacain agus éascaitheoirí) i ngach gníomhaíocht atá pleanáilte leis an tionscadal. Ní mór do rannpháirtithe ó thír na heagraíochta óstaí a bheith páirteach i ngach gníomhaíocht.
Critéir eile	Ní mór do cheann de na heagraíochtaí seolta nó de na hósteagraíochtaí sa ghníomhaíocht a bheith ó thír na Gníomhaíochta Náisiúnta ar faoina bráid a chuirtear an t- iarratas.

Critéir Incháilitheachta bhreise maidir le Cuaireanna Ullmhúcháin

Ionad nó ionaid na gníomhaíochta	Ní mór an ghníomhaíocht a reáchtáil i dtír ceann de na hósteagraíochtaí.
Rannpháirtithe incháilithe	Ionadaithe ó na heagraíochtaí rannpháirteacha, oiliúnóirí agus éascaitheoirí a ghlacann páirt sa phríomhghníomhaíocht.

CRITÉIR DHÁMHACHTANA

Déanfar measúnú ar thionscadail de réir na gcritéir seo a leanas. Ní mór do thograí 60 pointe ar a laghad a bhaint amach chun go gcuirfear san áireamh le haghaidh cistiúcháin iad. Thairis sin, ní mór dóibh ar a laghad leath na bpointí scóir uasta a bhaint amach i ngach ceann de na catagóirí le haghaidh critéir dhámhachtana a luaitear thíos.

Ábharthacht, réasúnaíocht agus tionchar (scór uasta 30 pointe)	• A ábhartha atá an tionscadal i leith an mhéid seo a leanas: ○ cuspóirí na Gníomhaíochta; ○ riachtanais forbartha agus teacht chun cinn na n-eagraíochtaí rannpháirteacha; ○ riachtanais agus cuspóirí na n-oibrithe óige rannpháirteacha. • A mhéid atá an togra oiriúnach chun an méid seo a leanas a dhéanamh: ○ torthaí foghlama ardcháilíochta a sholáthar d'oibrithe óige rannpháirteacha; ○ obair óige na n-eagraíochtaí rannpháirteacha a threisiú nó a chlaochlú, ó thaobh cáilíochta, nuálaíochta agus aitheantais de, chomh maith le hinniúlachtaí agus raon feidhme na n-eagraíochtaí, ón leibhéal áitiúil go dtí an leibhéal domhanda de réir mar is iomchuí. ○ páirt a thabhairt do rannpháirtithe atá gníomhach in obair óige sna heagraíochtaí rannpháirteacha, ○ páirt a thabhairt d'eagraíochtaí a thugann faoi obair óige choinréiteach agus obair thráthrialta le daoine óga ar an leibhéal áitiúil. • Tionchar féideartha an tionscadail: ○ ar oibrithe óige rannpháirteacha agus ar eagraíochtaí rannpháirteacha le linn shaolré an tionscadail agus ina dhiaidh sin; ○ ar chleachtais oibre óige nithiúla agus ar obair óige ardcháilíochta; ○ lasmuigh de na heagraíochtaí agus ar dhaoine aonair atá rannpháirteach go díreach sa tionscadal, ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus/nó Eorpach nó domhanda. • A mhéid atá bearta ionchorpraithe sa tionscadal arb é is aidhm dóibh féachaint chuige go mbeidh torthaí an tionscadail inbhuanaithe lastall de shaolré an tionscadail; • A mhéid atá an togra oiriúnach chun rannchuidiú leis na héirimí cuimsithe agus éagsúlachta, glasa, digiteacha agus rannpháirteacha den chlár; • A mhéid a thugann an tionscadal nuatheachtaithe agus eagraíochtaí ag a bhfuil níos lú taithí isteach sa Gníomhaíocht. • A mhéid atá na gníomhaíochtaí forbartha córais agus for-rochtana a mholtar ina rannchuidiú le forbairt thimpeallacht na n-oibrithe óige, (más infheidhme).
--	--

Cáilíocht dhearadh agus chur chun feidhme an tionscadail (scór uasta 40 pointe)	• An chomhsheasmhacht idir na riachtanais atá sainaitheanta, cuspóirí an tionscadail, próifílí na rannpháirtithe agus na gníomhaíochtaí a mholtar; • A mhéid atá an tionscadal ina rannchuidiú le feabhas a chur ar cháilíocht obair óige na n-eagraíochtaí rannpháirteacha • Soiléireacht, iomláine agus cáilíocht gach céime den tionscadal: ullmhú (agus an t-ullmhú a sholáthraítear do rannpháirtithe san áireamh), cur chun feidhme gníomhaíochtaí agus obair leantach; • A iomchuí atá na bearta chun oibrithe óige a roghnú (i gcomhréir le sainmhíniú ar oibrí óige i mbunús dlí) sna gníomhaíochtaí agus a mhéid atá oibrithe óige páirteach go gníomhach i ngach céim den tionscadal; • A mhéid atá na gníomhaíochtaí deartha ar bhealach inrochtana agus cuimsitheach agus atá siad oscailte do rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu. • A iomchuí atá na modhanna foghlama rannpháirtíocha a mholtar, lena n-áirítear aon chomhchuid fhíorúil; • Cáilíocht na socruithe agus tacaíocht le haghaidh an phróisis machnaimh, sainaitheantais agus doiciméadú thorthaí foghlama na rannpháirtithe, agus úsáid chomhsheasmhach uirlisí trédhearcachta agus aitheantais Eorpacha, go háirithe Youthpass; • Ionadaíocht chothromaithe rannpháirtithe ó thaobh tíortha agus inscne de; • A mhéid atá cleachtais atá inbhuanaithe agus neamhdhíobhálach don chomhshaol ionchorpraithe sna gníomhaíochtaí; • Cáilíocht na n-uirlisí agus na gcleachtais a mholtar faoi bhun ‘gníomhaíochtaí forbartha córais agus for-rochtana’ agus a mhéid is féidir a ndearadh a mhacasamhlú agus a bheith ina spreagadh d’eagraíochtaí eile (más infheidhme)
Cáilíocht bhainistíocht an tionscadail (scór uasta 30 pointe)	• Cáilíocht na socruithe praiticiúla agus na módúlachtaí bainistíochta agus tacaíochta; • Cáilíocht an chomhair agus na cumarsáide idir na heagraíochtaí rannpháirteacha, agus, ina theannta sin, le geallsealbhóirí ábhartha eile; • Cáilíocht na mbearta chun meastóireacht a dhéanamh ar chéimeanna agus torthaí éagsúla an tionscadail; • A iomchuí atá na bearta, agus cáilíocht na mbearta, arb é is aidhm dóibh torthaí an tionscadail a scaipeadh laistigh agus lasmuigh de na heagraíochtaí rannpháirteacha.

RIALACHA CISTIÚCHÁIN

Catagóir bhuiséid	Costais incháilithe agus rialacha is infheidhme	Méid		
Tacaíocht Eagraíochtúil	Costais atá nasctha go díreach le cur chun feidhme gníomhaíochtaí soghluaisteachta. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an líon rannpháirtithe, cé is moite de dhaoine tionlacain, d'oiliúnóirí agus d'éascaitheoirí.	EUR 100 in aghaidh an rannpháirtí i nGníomhaíocht Forbartha Gairmiúla.		
Taisteal	Ranníocaíocht le costais taistil na rannpháirtithe, lena n-áirítear oiliúnóirí, daoine tionlacain agus éascaitheoirí, óna n-áit bhunaidh chuig ionad na gníomhaíochta agus ar ais. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an achar taistil agus ar an líon daoine. Ní mór don iarratasóir an t-achar idir an áit bhunaidh agus ionad na gníomhaíochta a léiriú¹¹³ tríd an áireamhán taistil lena dtacaíonn an Coimisiún Eorpach a úsáid¹¹⁴. Le haghaidh gníomhaíochtaí taistil, ba cheart don iarratasóir na hachair idir ionaid aonair a chur le chéile agus an banda achair a chomhfhreagraíonn don iomlán a roghnú¹¹⁵.	Achar taistil	Taisteal caighdeánach	Taisteal glas
		10 – 99 km	EUR 23	
		100 – 499 km	EUR 180	EUR 210
		500 – 1 999 km	EUR 275	EUR 320
		2 000 – 2 999 km	EUR 360	EUR 410
		3 000 – 3 999 km	EUR 530	EUR 610
		4000 – 7999 km	EUR 820	
		8 000 km nó níos mo	EUR 1500	

¹¹³ Mar shampla, má bhíonn duine ó Mhaidrid (na Spáinne) ag glacadh páirt i ngníomhaíocht atá á reáchtáil sa Róimh (an Iodáil), déanfaidh an t-iarratasóir an t-achar ó Mhaidrid go dtí an Róimh a ríomh (1 365.28 KM) agus ansin roghnóidh an t-iarratasóir an banda achair taistil is infheidhme (is é sin, idir 500 agus 1 999 km).

¹¹⁴ https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/resources/distance-calculator_ga

¹¹⁵ Mar shampla, má bhíonn rannpháirtí ó Mhaidrid (na Spáinne) ag glacadh páirt i ngníomhaíocht taistil atá á reáchtáil sa Róimh (an Iodáil) ar dtús agus ansin i Liúibleána (na Slóivéine), déanfaidh an t-iarratasóir an t-achar idir Maidrid agus an Róimh (1 365.28 KM) a ríomh ar dtús, ansin ríomhaíodh sé an t-achar idir an Róimh agus Liúibleána (489,75 KM) agus cuirfidh sé an dá achar le chéile (1 855.03 KM) b) roghnóidh sé an banda achair taistil is infheidhme (is é sin, idir 500 agus 1 999 KM) agus c) déanfaidh sé an deontas ón Aontas a ríomh, rud a sholáthróidh ranníocaíocht le costais taistil an rannpháirtí ó Mhaidrid go Liúibleána (tríd an Róimh) agus ar ais (EUR 275).

Tacaíocht Aonair	Costais atá nasctha leis an gcothú. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar fhad an fhanachta in aghaidh an rannpháirtí, lena n-áirítear daoine tionlacain, oiliúnóirí agus éascaitheoirí (más gá), lena n-áirítear 1 lá taistil freisin roimh an ngníomhaíocht agus 1 lá taistil i ndiaidh na gníomhaíochta, agus suas le 4 lá breise le haghaidh rannpháirtithe a fhaigheann deontas taistil ghlais.	Tábla A2.2 in aghaidh an rannpháirtí in aghaidh an lae. Ar a mhéad EUR 1,100 in aghaidh an rannpháirtí (lena n-áirítear oiliúnóirí, éascaitheoirí agus daoine tionlacain)
Tacaíocht chuimsiúcháin	Tacaíocht chuimsiúcháin d'eagraíochtaí: Costais a bhaineann le gníomhaíochtaí soghluaisteachta a eagrú ina bhfuil rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu rannpháirteach. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an líon rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu, cé is moite de dhaoine tionlacain, d'oiliúnóirí agus d'éascaitheoirí.	EUR 100 in aghaidh an rannpháirtí
	Tacaíocht chuimsiúcháin le haghaidh rannpháirtithe: Costais bhreise atá nasctha go díreach le rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu agus leis na daoine atá á dtionlacan, lena n-áirítear oiliúnóirí agus lena n-áirítear costais taistil agus chothaithe a dtugtar údar leo mura n-iarrtar deontas le haghaidh na rannpháirtithe sin trí na catagóirí buiséid ar a dtugtar 'Taisteal' agus 'Tacaíocht aonair'). Sásra maoiniúcháin: fórchostais. Riail maidir le leithdháileadh: ní mór don iarratasóir údar a thabhairt leis an iarraidh agus ní mór don Ghníomhaireacht Náisiúnta í a fhormheas.	100 % de chostais incháilithe
Tacaíocht le haghaidh cuairt ullmhúcháin	Costais atá nasctha le cur chun feidhme na cuairte ullmhúcháin lena n-áirítear costais taistil agus chothaithe. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: cé is moite de rannpháirtithe ón ósteagraíocht. Is féidir ar a mhéad beirt rannpháirtithe in aghaidh na heagraíochta	EUR 575 in aghaidh an rannpháirtí in aghaidh na cuairte ullmhúcháin.

	rannpháirtí a mhaoiniú in aghaidh na gníomhaíochta. Ina theannta sin, féadfar éascaitheoir amháin in aghaidh gach cuairte ullmhúcháin a mhaoiniú freisin. Coinníollach: an gá atá le cuairt ullmhúcháin, cuspóirí agus rannpháirtithe ní mór don iarratasóir údar a thabhairt leis an méid sin agus ní mór é a bheith formheasta ag an ngníomhaireacht náisiúnta. Níl feidhm ag an gcoinníoll sin maidir le tionscadail atá maoinithe faoin gcóras creidiúnaithe.	
Gníomhaíochtaí forbartha córais agus for-rochtana	Costais atá nasctha le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí comhlántacha. Costais indíreacha: Tá méid ar ráta comhréidh, nach mó ná 7 % de chostais incháilithe dhíreacha na ngníomhaíochtaí comhlántacha, incháilithe faoi chostais indíreacha, arb ionann é agus costais riaracháin ghinearálta an tairbhí ar féidir a mheas gur costais inmhuirearaithe i leith na ngníomhaíochtaí comhlántacha iad (mar shampla billí leictreachais nó idirlín, costais áitribh, costas ball foirne buan, srl.). Sásra maoiniúcháin: fíorchostais. Riail maidir le leithdháileadh: ní mór don iarratasóir údar a thabhairt leis an iarraidh agus ní mór don Ghníomhaireacht Náisiúnta í a fhormheas. Is féidir 10 % ar a mhéad de na costais tionscadail iomlána a leithdháileadh ar na gníomhaíochtaí sin.	80 % ar a mhéad de chostais incháilithe.
Costais eisceachtúla	Costais chun ráthaíocht airgeadais a thabhairt, má iarrann an Ghníomhaireacht Náisiúnta sin. Víosa agus costais a bhaineann le víosa, ceadanna cónaith, vacsaínithe agus deimhnithe leighis. Costais taistil chostasaigh na rannpháirtithe, agus daoine tionlacain, oiliúnóirí agus éascaitheoirí san áireamh nach féidir tacú leo leis an ngnáthchatagóir 'Taisteal', de bharr iargúlacht gheografach nó bacainní eile (is é sin, i gcás ina mbíonn costais taistil níos costasaí ann toisc go n-úsáidtear modhanna iompair níos glaine ag a bhfuil astaíochtaí carbóin níos ísle). Sásra maoiniúcháin: fíorchostais. Riail maidir le leithdháileadh: ní mór don iarratasóir údar a thabhairt leis an iarraidh agus ní mór don Ghníomhaireacht Náisiúnta í a fhormheas. Tá feidhm ag	Ráthaíocht airgeadais: 80 % de chostais incháilithe Costais taistil chostasaigh: 80 % de chostais taistil incháilithe Víosa agus costais a bhaineann le víosa, ceadanna cónaith, vacsaínithe agus deimhnithe leighis: 100 % de chostais incháilithe

	taisteal costasach i gcásanna nach gcumhdaíonn an tacaíocht taistil bunaithe ar chostas aonaid 70 % de chostais taistil na rannpháirtithe. Má dhámhtar iad, cuirtear na costais eisceachtúla le haghaidh taisteal costasach in ionad an deontais taistil chaighdeánaigh.	
--	--	--

Tábla **A2.2** Tacaíocht aonair le haghaidh Gníomhaíochtaí Forbartha Gairmiúla

	Tacaíocht aonair (euro in aghaidh an lae)
An Ostair	EUR 68
An Bheilg	EUR 73
An Bhulgáir	EUR 60
An Chróit	EUR 70
An Chipir	EUR 65
Poblacht na Seice	EUR 61
An Danmhairg	EUR 81
An Eastóin	EUR 63
An Fhionlainn	EUR 80
An Mhacadóin Thuaidh	EUR 51
An Fhrainc	EUR 74
An Ghearmáin	EUR 65
An Ghréig	EUR 80
An Ungáir	EUR 62
An Íoslainn	EUR 80
Éire	EUR 83
An Iodáil	EUR 74
An Laitvia	EUR 66
Lichtinstéin	EUR 83
An Liotuáin	EUR 65
Lucsamburg	EUR 74
Málta	EUR 73
An Ísiltír	EUR 77
An Iorua	EUR 83
An Pholainn	EUR 66
An Phortaingéil	EUR 73
An Rómáin	EUR 61
An tSeirbia	EUR 51
An tSlóvaic	EUR 67

An tSlóivéin	EUR 67
An Spáinn	EUR 68
An tSualainn	EUR 79
An Tuirc	EUR 61
Tíortha comharsanachta nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár	EUR 54

GNÍOMHAÍOCHTAÍ UM RANNPHÁIRTÍOCHT ÓIGE

Tacaíonn an ghníomhaíocht seo¹¹⁶ le gníomhaíochtaí lasmuigh den oideachas agus den oiliúint fhoirmiúil lena ndéantar rannpháirtíocht daoine óga sa saol daonlathach Eorpach a spreagadh, a chothú agus a éascú ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach.

CUSPÓIRÍ NA GNÍOMHAÍOCHTA

Le Erasmus+ tacaítear le tionscadail rannpháirtíochta faoi stiúir na hóige ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta, trasnáisiúnta agus idirnáisiúnta arna reáchtáil ag grúpaí neamhfoirmiúla daoine óga agus/nó eagraíochtaí óige lena ndéantar rannpháirtíocht na hóige sa saol daonlathach Eorpach a spreagadh agus de réir ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí seo a leanas:

- deiseanna a sholáthar do dhaoine óga a bheith páirteach agus foghlaim conas a bheith rannpháirteach sa tsochaí shibhialta trí chonairí rannpháirtíochta a thairiscint do dhaoine óga ina saol laethúil agus sa saol daonlathach freisin, arb é is aidhm dóibh féachaint chuige go mbeidh daoine óga ó gach cúlra rannpháirteach ar bhealach suntasach, sibhialta, eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha agus polaitiúil, agus aird ar leith á díriú orthu sin ar lú na deiseanna atá acu);
- feasacht daoine óga a mhúscailt maidir le luachanna comhchoiteanna agus cearta bunúsacha Eorpacha agus rannchuidiú le próiseas na lánpháirtíochta Eorpaí, lena n-áirítear trí rannchuidiú le ceann amháin nó níos mó de na Spriocanna Eorpacha don Óige a bhaint amach;
- inniúlachtaí digiteacha daoine óga chomh maith lena litearthacht sna meáin a fhorbairt (go háirithe ó thaobh smaointeoireacht chriticiúil de agus chumas na ndaoine óga measúnú a dhéanamh ar fhaisnéis agus oibriú léi) d'fhonn athléimneacht daoine óga i leith bréagaisnéise, bréagnuachta agus bolscaireachta a mhéadú, chomh maith le cur lena gcumas a bheith rannpháirteach sa saol daonlathach;
- daoine óga agus cinneadóirí a thabhairt le chéile ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus trasnáisiúnta agus/nó rannchuidiú le hidirphlé Óige an Aontais.

COMHTHÉACS BEARTAIS

Le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027¹¹⁷ leagtar amach Creat le haghaidh comhar Eorpach i réimse na hóige, bunaithe ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 22 Bealtaine 2018 maidir le páirt a thabhairt do dhaoine óga, ceangail a dhéanamh leo agus iad a chumhachtú. Faoin gcroíréimse a bhaineann leis an rannpháirtíocht, is é is aidhm do Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh rannpháirtíocht daoine óga a áirithiú ar bhealach atá suntasach, sibhialta, eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha agus polaitiúil. Leis an Straitéis cothaítear rannpháirtíocht na hóige sa saol daonlathach, tacaítear le rannpháirtíocht shóisialta agus saoránach agus is é is aidhm di a áirithiú go mbeidh na hacmhainní is gá ag gach duine óg chun páirt a ghlacadh sa tsochaí.

Ina theannta sin, i Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh áirítear próiseas idirphlé Óige freisin agus sa chomhthéacs sin, forbraíodh 11 Sprioc Eorpacha don Óige in 2018, lena sainithnítear raon réimsí trasearnála lena ndéantar difear do shaol daoine óga agus cuirtear in iúl dúshláin nach mó dul i ngleic leo i ngach ceann díobh. Bunaithe ar ionchur geallsealbhóirí

¹¹⁶ Déantar príomhbhuiséad na Gníomhaíochta seo a leithdháileadh chun tacú le gníomhaíochtaí trasnáisiúnta lena mbaineann eagraíochtaí agus rannpháirtithe ó Bhallstáit an Aontais agus tiortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Mar sin féin, féadfaidh suas le 25 % den bhuiséad atá ar fáil tionscadail idirnáisiúnta a mhaoiniú, agus eagraíochtaí agus rannpháirtithe ó tiortha an chláir agus ó tiortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár agus atá comharsanach leis an Aontas san áireamh (réigiúin 1 go 4; féach an roinn 'Tiortha incháilithe' i gCuid A den Treoir seo).

¹¹⁷ https://europa.eu/youth/strategy_ga

óga, i ngach timthriall 18 mí d'Idirphlé Óige an Aontais sainaithnítear tosaíochtaí sonracha téamacha atá ainmnithe le bheith i gcroílár chur chun feidhme Straitéis Óige an Aontais Eorpach i gcaitheamh na tréimhse ar leith.

Straitéisí téamacha i réimse na hóige

Leis an gClár Erasmus+ féachtar le rannpháirtíocht na hóige, treisiú cáilíochta próiseas foghlama neamhfhoirmiúla agus seachfhoirmiúla agus forbairt oibre óige ardcháilíochta a chur chun cinn. Tá tacaíocht bhreise sna réimsí sin ar fáil trí straitéisí téamacha sonracha, amhail an Straitéis Rannpháirtíochta Óige, Youthpass agus an Straitéis Eorpach um Oiliúint (ETS)¹¹⁸.

TUAIRISC AR NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Is gníomhaíochtaí foghlama seachfhoirmiúla iad gníomhaíochtaí um rannpháirtíocht óige bunaithe ar rannpháirtíocht ghníomhach daoine óga. Is é is aidhm do na gníomhaíochtaí sin a chumasú do dhaoine óga dul i mbun gníomhaíochtaí malartaithe, comhair, cultúrtha agus sibhialta. Le gníomhaíochtaí a dtacaítear leo ba cheart cuidiú leis na rannpháirtithe a n-inniúlachtaí pearsanta, sóisialta, saorántachta agus digiteacha a neartú agus a bheith ina saoránaigh Eorpacha ghníomhacha.

Leis an nGníomhaíocht seo, tacaítear le foirmeacha malartacha, nuálacha, cliste agus digiteacha de rannpháirtíocht na hóige a úsáid, lena n-áirítear rannpháirtíocht na hóige a shíneadh in earnálacha agus spásanna éagsúla (seirbhísí cúraim sláinte, áiseanna spóirt srl., gan beann ar cibé acu a dhéantar iad sin a oibriú leis an earnáil phoiblí nó phríobháideach), rud a osclaíonn conairí chuig rannpháirtíocht ghníomhach daoine óga ó gach cúlra.

Is féidir gníomhaíochtaí um rannpháirtíocht óige a úsáid chun idirphléití agus pléití a sheoladh idir daoine óga agus cinneadóirí chun rannpháirtíocht ghníomhach daoine óga a chur chun cinn sa saol daonlathach san Eoraip. Mar thoradh coincreiteach air sin, is féidir le daoine óga a dtuairimí a chur chun tosaigh (trí sheasaimh, tograí agus moltaí a fhoirmiú), go háirithe maidir le conas ba cheart beartais óige a mhúnlú agus a chur chun feidhme san Eoraip. Is féidir gníomhaíocht chathartha agus gníomhaíochas Óige a bheith i gceist le rannpháirtíocht óige, rudaí a ligeann do dhaoine óga páirt a ghlacadh ar bhealaí éagsúla chun feachtas a ardú maidir le ceisteanna atá tábhachtach dóibh.

Is féidir le gníomhaíochtaí um rannpháirtíocht óige a bheith trasnáisiúnta (curtha chun feidhme i dtír rannpháirteach amháin nó níos mó agus grúpa neamhfhoirmiúil/grúpaí neamhfhoirmiúla daoine óga agus/nó eagraíochtaí ó thíortha rannpháirteacha éagsúla páirteach iontu) nó náisiúnta (curtha chun feidhme ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta agus grúpa neamhfhoirmiúil nó grúpaí neamhfhoirmiúla daoine óga agus/nó eagraíochtaí ó thír rannpháirtíocht amháin páirteach iontu). Oireann gníomhaíochtaí um rannpháirtíocht óige náisiúnta go háirithe do smaointe a thriail ar an leibhéal áitiúil agus tá siad oiriúnach mar uirlis chun obair leantach a dhéanamh ar thionscnaimh a tháinig roimhe sin chun smaointe rathúla a mhéadú ó scála agus a fhorbairt a thuilleadh.

¹¹⁸ Tá liosta na straitéisí le fáil anseo: Straitéis Rannpháirtíochta Óige: <https://participationpool.eu/> Youthpass: <https://www.youthpass.eu/de/> ÓIGE SALTO - Céard is Youthpass ann? / ETS: <https://www.salto-youth.net/rc/training-and-cooperation/trainingstrategy/>

Maidir le gach gníomhaíocht rannpháirtíochta Óige, gan beann ar an leibhéal ina gcuirtear chun feidhme iad, ní mór éirim Eorpach agus/nó breislúach Eorpach a bheith leo agus le gach gníomhaíocht aonair lena dtacaítear ní mór rannchuidiú go soiléir le ceann amháin nó níos mó de chuspóirí na Gníomhaíochta a liostaítear thuas.

Is féidir na rudaí a leanas (nó meascán díobh) a bheith ina ngníomhaíochtaí a dtacaítear leo: ceardlanna, díospóireachtaí, rólghlacadh, ionsamhlúcháin, úsáid uirlisí digiteacha (mar shampla uirlisí ríomhdhaonlathais), feachtais múscaillte feasachta, cúrsaí oiliúna, cruinnithe agus foirmeacha eile idirghníomhaíochtaí ar líne nó as líne idir daoine óga agus cinneadóirí, comhairliúcháin, imeachtaí eolais agus/nó imeachtaí cultúrtha, srl.

Seo a leanas samplaí áirithe de na gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a chur chun feidhme laistigh de thionscadal:

- ceardlanna aghaidh ar aghaidh nó ar líne agus/nó cruinnithe, seimineáir nó imeachtaí/próisis eile ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó trasnáisiúnta lena dtairgtear spás le haghaidh faisnéise, díospóireachta agus rannpháirtíocht ghníomhach daoine óga maidir le saincheistanna atá ábhartha i leith a saoil laethúil mar shaoránaigh gníomhacha Eorpacha, más féidir lena n-áirítear idirghníomhaíochtaí le cinneadóirí agus geallsealbhóirí eile a mbaineann na saincheistanna sin leo, as a dtagann na hidirghníomhaíochtaí sin nó agus obair leantach á déanamh orthu;
- comhairliúcháin le daoine óga agus topaicí/saincheistanna á sainaithint a mbaineann ábharthacht shonrach leo dóibh (i gcomhthéacs áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó trasnáisiúnta) agus na riachtanais rannpháirtíochta atá acu á sainaithint chun dul i ngleic leis na topaicí/na saincheistanna sin;
- feachtais múscaillte feasachta a bhaineann le rannpháirtíocht daoine óga sa saol daonlathach, cuir i gcás imeachtaí eolais agus/nó imeachtaí cultúrtha a bhaineann le dúshlán sochaí shonracha atá ábhartha do dhaoine óga;
- éascaíocht a dhéanamh do rochtain ar spásanna fíorúla agus/nó fisiceacha atá oscailte, sábháilte agus inrochtana do dhaoine óga, agus deiseanna foghlama éifeachtacha á dtairiscint chun bheith rannpháirteach sa saol daonlathach agus i bpróisis dhaonlathacha;
- ionsamhlúcháin ar fheidhmiú institiúidí daonlathacha agus ar ról na gcinneadóirí laistigh de na hinstiúidí sin.

I gcás inarb ábhartha, moltar go mór formáidí gníomhaíochta digití (mar shampla seimineáir ghréasáin, haiceatóin, uirlisí ríomh- rannpháirtíochta éagsúla srl.) agus/nó oiliúint maidir le húsáid uirlisí ríomhdhaonlathais a lánpháirtiú i ngníomhaíochtaí lena gcur chun feidhme laistigh de thionscadal maidir le gníomhaíocht rannpháirtíochta Óige.

Ba cheart go gcuimseofaí i dtionscadal gníomhaíochtaí éagsúla lena féidir na cuspóirí beartaithe a bhaint amach nuair a chuirtear le chéile iad.

Ba cheart na gníomhaíochtaí sin a mhaoiniú tríd an gcatagóir bhuiséid 'bainistíocht tionscadail', ar ranníocaíocht aonaid mhíosúil é, go príomha. I measc na ngníomhaíochtaí tionscadail sin bíonn cruinnithe maidir le bainistíocht tionscadail agus gníomhaíochtaí leanúnacha rialta an tionscadail de ghnáth. D'fhéadfadh imeacht rannpháirtíochta Óige amháin, nó níos mó, a bheith i gceist leis an tionscadal freisin.

Cumhdaítear faoin téarma 'imeachtaí fisiceacha' imeachtaí atá lánach chun cuspóirí an tionscadail a bhaint amach; d'fhéadfaidís ceiliúradh a dhéanamh ar bhaint amach garspriocanna sa tionscadal agus ba cheart dóibh a bheith difriúil le gníomhaíochtaí leanúnacha an tionscadail, de réir a n-ábhair, a méide nó phróifíl a rannpháirtithe. Thairis sin, is imeacht fisiceach í imeacht rannpháirtíochta Óige, a mbíonn daoine óga agus, i gcás inarb ábhartha, rannpháirtithe eile ar an láthair go fisiciúil lena aghaidh. Ní hamháin go mbeidh baill den ghrúpa neamhfhoirmiúil nó daoine óga sna heagraíochtaí is tairbhí a bhfuil baint dhíreach acu le gníomhaíochtaí foriomlána an tionscadail i láthair ag an imeacht fisiceach, ach beidh grúpaí daoine óga eile agus/nó cinneadóirí ann freisin. Ba cheart d'fhad an imeachta teacht le fad na ngníomhaíochtaí beartaithe agus na n-éachtaí a bhfuil coinne leo. Is féidir leis na himeachtaí a bheith an-ghearr (uaireanta an chloig) nó níos faide. Tá tacaíocht shonrach maidir le heagrú imeachtaí fisiceacha ar fáil ar bhonn 'in aghaidh an rannpháirtí in aghaidh an imeachta', beag beann ar fhad an imeachta.

I gcás tionscadal rannpháirtíochta Óige ag a reáchtálann gníomhaíochtaí tionscadail nó imeachtaí fisiceacha a fhágann go mbíonn ar rannpháirtithe taisteal go hionad éagsúil nach bhfuil cónaí orthu ann, is féidir leo iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú le haghaidh soghluaisteachta, maoiniú a chuimsíonn tacaíocht le haghaidh taistil agus cothú. Is féidir soghluaisteacht i dtionscadail rannpháirtíochta Óige a bheith náisiúnta agus idirnáisiúnta, ach ba cheart dóibh tacú le gníomhaíocht tionscadail a mhaoinítear le costais bainistíochta tionscadail nó imeacht rannpháirtíochta óige (a mhaoinítear le tacaíocht ó imeachtaí rannpháirtíochta Óige) i gcónaí.

Ní féidir tacú leis na cineálacha gníomhaíochtaí seo a leanas faoin nGníomhaíocht seo: cruinnithe reachtúla eagraíochtaí nó líonraí eagraíochtaí, **eagrú imeachtaí polaitíochta páirtíní**, bonneagar fisiceach (mar shampla, an costas a bhaineann le tógáil/éadáil foirgneamh agus lena dtrealamh buan).

Is féidir samplaí de thionscadail ina bhfuil gné láidir rannpháirtíochta (nach bhfuil teoranta d'fhormáid na ngníomhaíochtaí um rannpháirtíocht óige) agus dea- chleachtais ábhartha a fháil i bhFoireann Uirlisí na hÓige¹¹⁹.

TIONSCADAL A BHUNÚ

I dtionscadal lena dtacaítear faoin nGníomhaíocht seo ba cheart ceann amháin nó níos mó de na gnéithe ar a bhfuil tuairisc thuas a áireamh. Is féidir na gnéithe sin a chomhcheangal ar bhealach solúbtha, ag brath ar chuspóirí an tionscadail agus riachtanais na heagraíochta rannpháirtí nó na n-eagraíochtaí rannpháirteacha agus na rannpháirtithe.

Déanann grúpa neamhfhoirmiúil amháin nó níos mó de dhaoine óga, eagraíocht amháin nó níos mó, nó meascán díobh araon, tionscadal a chur chun feidhme. Ní mór an grúpa neamhfhoirmiúil nó na grúpaí neamhfhoirmiúla daoine óga agus/nó na heagraíochtaí rannpháirteacha a shainaithint i gcéim an iarratais. Féadfaidh daoine óga eile a bheith páirteach sa tionscadal mar rannpháirtithe i roinnt de na gníomhaíochtaí nó mar chuid den spriocghrúpa le haghaidh na ngníomhaíochtaí. Mura mbíonn ach grúpa neamhfhoirmiúil daoine óga páirteach, déanann duine de na baill den ghrúpa iarratas thar ceann an ghrúpa. Má bhíonn roinnt grúpaí nó eagraíochtaí páirteach, glacann ceann díobh ról an chomhordaitheora agus déanann sé iarratas ar an tionscadal iomlán thar ceann na comhpháirtíochta.

Baineann ceithre chéim le tionscadal: pleanáil, ullmhú, cur chun feidhme agus obair leantach. Ní mór d'eagraíochtaí rannpháirteacha agus do dhaoine óga atá páirteach sna gníomhaíochtaí ról gníomhach a ghlacadh sna céimeanna sin uile, rud a chuirfidh feabhas ar a n-eispéireas foghlama ('gníomhaíochtaí curtha le chéile ag daoine óga do dhaoine óga'). Féadann Foireann Uirlisí na hÓige smaointe praiticiúla agus treoraíocht phraiticiúil a chur ar fáil chun rannpháirtíocht na hÓige a fheabhsú.

- Pleanáil (riachtanais, cuspóirí, torthaí foghlama agus formáidí na gníomhaíochta a shainiú, an clár oibre a fhorbairt, na gníomhaíochtaí a sceidealú srl.)
- Ullmhú (socruithe praiticiúla, comhaontuithe a chur ar bun le comhpháirtithe, deimhniú an spriocghrúpa nó na spriocghrúpaí ar na gníomhaíochtaí beartaithe, rannpháirtithe a ullmhú ó thaobh foghlaim teanga/idirchultúrtha de agus ó thaobh na gcúraimí de srl.);
- Cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí;
- Obair leantach (meastóireacht ar na gníomhaíochtaí, torthaí foghlama na rannpháirtithe a shainaithint agus a dhoiciméadú, chomh maith le scaipeadh agus úsáid thorthaí an tionscadail). Mar chuid den chéim leantach, le gach

¹¹⁹ <https://participationpool.eu/toolkit/>

tionscadal ba cheart a bheartú aiseolas a sholáthar maidir le torthaí tionscadail nithiúla do na rannpháirtithe óga, lena n-áirítear maidir le conas a cuireadh na torthaí sin in iúl do gheallsealbhóirí ábhartha eile agus/nó maidir leis an úsáid a bhain siad astu.

Idirphlé Óige an Aontais

Is féidir go mbeidh na topaicí agus na tosaíochtaí a shainaithnítear i gcomhthéacs Idirphlé Óige an Aontais¹²⁰ ina spreagadh do Gníomhaíochtaí Óige ar gach leibhéal. D'fhéadfadh sé go mbeadh na Spriocanna Eorpacha don Óige a forbraíodh in Idirphlé Óige an Aontais a bheith chomh spreagúil céanna ina sainaithnítear réimsí trasearnála lena ndéantar difear do shaol daoine óga agus ina gcuirtear dúshlán in iúl. Thairis sin, is féidir torthaí gníomhaíochtaí um rannpháirtíocht óige rathúla a úsáid mar ionchur le haghaidh céimeanna eile d'Idirphlé Óige an Aontais.

Próiseas Foghlama

Le gníomhaíochtaí um rannpháirtíocht óige ní mór tacaíocht a bheartú le haghaidh an phróisis machnaimh, torthaí foghlama aonair na rannpháirtithe uile [is é sin, rannpháirtithe lasmuigh den ghrúpa neamhfhoirmiúil/de na grúpaí neamhfhoirmiúla daoine óga a chuireann an tionscadal chun feidhme agus nó lasmuigh de na daoine óga atá páirteach go gníomhach in ullmhú agus cur chun feidhme an tionscadail] a shainaithint agus a dhoiciméadú, go háirithe trí Youthpass.

Cosaint agus Sábháilteacht na rannpháirtithe

Le linn tionscadal a phleanáil agus a ullmhú, ba cheart dul i ngleic leis an tsaincheist a bhaineann le cosaint agus sábháilteacht na rannpháirtithe agus ba cheart foráil a dhéanamh maidir le gach beart is gá chun rioscaí a chosc/a laghdú.

Tógáil Pobail

Moltar go mór gníomhaíochtaí tógála pobail a chuimsiú i ngníomhaíochtaí um rannpháirtíocht óige. Aon uair is féidir, maidir leis na gníomhaíochtaí sin, ba cheart féachaint le go mbeidh siad fós inmharthana lastall d'fhad na dtionscadal lena dtacaítear agus go mbeidh siad féin- inbhuanaithe.

Caighdeáin Cháilíochta Erasmus i réimse na hÓige

Agus gach gníomhaíocht lena dtacaítear faoin nGníomhaíocht seo á cur chun feidhme, ní mór **Caighdeáin Cháilíochta Erasmus i réimse na hÓige** a leanúint chun gníomhaíochtaí soghluaisteacha foghlama ardcháilíochta a eagrú. Le Caighdeáin Cháilíochta Erasmus i réimse na hÓige cumhdaítear prionsabail bhunúsacha na Gníomhaíochta, chomh maith le cleachtais nithiúla maidir le cur chun feidhme le haghaidh cúraimí tionscadail amhail roghnú agus ullmhú rannpháirtithe, sainiú, meastóireacht agus aithint torthaí foghlama, comhroinnt torthaí tionscadail, srl. Tá **Caighdeáin Cháilíochta Erasmus i réimse na hÓige** le fáil anseo: https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/resources/documents/erasmus-quality-standards-mobility-projects-youth_ga

¹²⁰ https://europa.eu/youth/strategy/euyouthdialogue_ga

GNÉITHE COTHROMÁNACHA

An cuimsiú agus an éagsúlacht

Leis an gClár Erasmus+ féachtar leis an gcomhionannas deiseanna a chur chun cinn ar fud a ghníomhaíochtaí uile agus féachtar leis an rochtain, leis an gcuimsiú, agus leis an gcothroime a chur chun cinn leis sin freisin. Ba cheart d'iaratasóirí gníomhaíochtaí tionscadail inrochtana agus chuimsitheacha a dhearadh, agus dearcthaí na rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu á gcur san áireamh agus páirt á tabhairt dóibh sa phróiseas cinnteoireachta.

Oireann Gníomhaíochtaí um rannpháirtíocht óige go háirithe do dhaoine óga ar lú na deiseanna atá acu a chuimsiú:

- Tá gníomhaíochtaí um rannpháirtíocht óige deartha mar fhormaid ghníomhaíochta ar leibhéal an phobail le paraiméadair an-solúbtha (fad, an líon rannpháirtithe, gníomhaíochtaí náisiúnta/trasnáisiúnta srl.) is féidir a oiriúnú go héasca do riachtanais shonracha daoine óga ar lú na deiseanna atá acu.
- Is féidir go dtabharfaidh **cóitseálaí**¹²¹ tacaíocht do ghrúpaí neamhfhoirmiúla daoine óga a chuireann tionscadal Gníomhaíochtaí um Rannpháirtíocht óige i gcrích. D'fhéadfadh sé go mbeadh seirbhísí cóitseálaí ábhartha agus cabhrach go háirithe chun tacú le daoine óga ar lú na deiseanna atá acu a dtionscadail a fhorbairt agus a chur i gcrích.
- I gcuspóirí na gníomhaíochta áirítear deiseanna foghlama a sholáthar do dhaoine óga chun bheith rannpháirteach sa tsochaí shibhialta, chomh maith le feabhas a chur ar an litearthacht dhigiteach agus leis an litearthacht sna meáin. Is féidir le tionscadail lena saothraítear na spriocanna sin a bheith úsáideach go háirithe chun cuidiú le daoine óga ar lú na deiseanna atá acu roinnt de na dúshlán is féidir a bheith rompu a shárú.

Tá gníomhaíochtaí um rannpháirtíocht óige oiriúnach freisin go háirithe chun oibriú go téamach ar an gcuimsiú agus ar an éagsúlacht sa tsochaí, mar shampla chun tacú leis an gcomhrac in aghaidh steiréitíopaí, an tuiscint, an chaoinfhulaingt agus an neamh-idirdhealú a chothú.

Inbhuaine Comhshaoil

Le tionscadal ba cheart iompar atá inbhuanaithe agus freagrach ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn i measc na rannpháirtithe, agus feacht á múscailt faoin tábhacht a bhaineann le gníomhú chun lorg comhshaoil gníomhaíochtaí soghluaisteacha a laghdú nó a chúiteamh. Ba cheart é a dhearadh agus a chur chun feidhme agus feacht á cothú ar an gcomhshaoil mar shampla trí chleachtais inbhuanaithe a lánpháirtiú amhail ábhair in-athúsáidte nó éiceabhácha a roghnú, tríd an dramhaíl a laghdú, tríd an athchúrsáil agus trí mhodhanna iompair inbhuanaithe.

An claochlú digiteach i réimse na hóige

Leis an gClár Erasmus+ tacaítear leis na heagraíochtaí rannpháirteacha úsáid uirlisí agus modhanna foghlama digiteacha a ionchorprú chun a ngníomhaíochtaí fisiceacha a chomhlánú, chun feabhas a chur ar an gcomhar idir eagraíochtaí comhpháirteacha, agus chun feabhas a chur ar cháilíocht na ngníomhaíochtaí. Moltar tabhairt isteach gnéithe digiteacha agus gnéithe ar líne chun an tairseach le haghaidh rannpháirtíochta a ísliú do dhaoine óga ar lú na deiseanna atá acu. Trí thionscadail agus gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh borradh a chur faoi scileanna digiteacha, an litearthacht dhigiteach a chothú agus/nó tuiscint a fhorbairt ar rioscaí agus ar dheiseanna na teicneolaíochta digití, féadfaidh an clár meonta a athrú agus cur le cuir chuige dhigiteacha agus chumaisc a fhorbairt i ngníomhaíochtaí na hóige.

¹²¹ Ag brath ar a riachtanais, féadfaidh grúpaí neamhfhoirmiúla daoine óga dul i muinín cóitseálaí amháin nó roinnt díobh le linn an tionscadail.

Ag brath ar dhearadh agus cuspóirí na gníomhaíochtaí, is féidir forbairt na n-inniúlachtaí agus feasacht ar shaincheisteanna digiteacha, agus úsáid teicneolaíochtaí nua a thabhairt isteach in imeachtaí fisiceacha nó soghluaisteachaí foghlama, ach ba cheart codanna atá go hiomlán fíorúil a mhaoiniú le costais bainistíochta tionscadail. Is féidir iarratas a dhéanamh ar chostais a bhfuil údar cuí leo chun daoine óga ar lú na deiseanna atá acu a chuimsiú faoin tacaíocht chuimsiúcháin do rannpháirtithe.

Tairgeann na Gníomhaireachtaí Náisiúnta raon deiseanna oiliúna le haghaidh oibrithe óige agus ceannairí óige trína nGníomhaíochtaí Oiliúna agus Comhair, mar shampla ag tacú leis an gclaochlú digiteach i réimse na hóige. Foilsítear na tairiscintí ar an bhFéilire Oiliúna Eorpach <https://www.salto-youth.net/tools/european-training-calendar/> . Is féidir spreagadh a aimsiú faoi uirlisí SALTO freisin <https://www.salto-youth.net/tools/> .

Rannpháirtíocht

Tacaíonn an Clár Erasmus+ le gach eagraíocht rannpháirteach chun cáilíocht a dtionscadal a fheabhsú trí ghné rannpháirtíochta a chuimsiú, deiseanna ábhartha a thairiscint do dhaoine óga chun gabháil do cheapadh agus do chur chun feidhme gníomhaíochtaí tionscadail, agus chun páirt a ghlacadh sa cheapadh agus sa chur chun feidhme sin, mar bhealach chun eolas a chur ar thairbhí na saoránachta gníomhaí agus na rannpháirtíochta sa saol daonlathach. Tá acmhainní chun gné rannpháirtíochta tionscadal a dtacaítear leo le fáil *inter alia* ar an suíomh gréasáin participationpool.eu. Ina theannta sin, spreagtar naisc le tionscnaimh agus le hardáin (eile) náisiúnta nó idirnáisiúnta nó de chuid an Aontais atá ann cheana, atá bunaithe ar an rannpháirtíocht agus ar an rannpháirtíocht saoránach, agus spreagtar páirt a ghlacadh sna tionscnaimh agus sna hardáin den sórt sin.

NA CRITÉIR A ÚSÁIDTEAR CHUN MEASÚNÚ A DHÉANAMH AR AN TIONSCADAL SEO

Critéir Incháilitheachta

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Is féidir le haon eagraíocht rannpháirteach incháilithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas ach atá comhlachaithe leis an gClár a bheith ina hiarratasóir. Is í an eagraíocht sin a dhéanann iarratas thar ceann na n-eagraíochtaí rannpháirteacha uile atá páirteach sa tionscadal ¹²² .
Eagraíochtaí rannpháirteacha incháilithe	Is féidir le heagraíocht rannpháirteach a bheith: - ina heagraíocht neamhbhrabúsach, ina comhlachas, ina heagraíocht neamhrialtasach; ina heagraíocht neamhrialtasach Eorpach don óige; ina comhlacht poiblí ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta; ina fiontar sóisialta; ina comhlacht brabúsach atá gníomhach sa fhreagracht chorpáraideach; - ina grúpa neamhfhoirmiúil daoine óga¹²³. bunaithe i mBallstát de chuid an Aontais nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár (réigiún 1 go 4; féach an roinn ‘Tíortha incháilithe’ i gCuid A den Treoir seo).
Líon agus próifíl na n-eagraíochtaí rannpháirteacha	- Tionscadail rannpháirtíochta Óige náisiúnta: ní mór ar a laghad eagraíocht rannpháirteach amháin a bheith páirteach. - Tionscadail rannpháirtíochta Óige thrasnáisiúnta agus idirnáisiúnta: ní mór ar a laghad dhá eagraíocht rannpháirteacha ó thíortha éagsúla a bheith páirteach.
Fad an tionscadail	Ó 3 mhí go 24 mhí.
Ionad nó ionaid na ngníomhaíochtaí	Ní mór na gníomhaíochtaí a reáchtáil i dtír ceann amháin de na heagraíochtaí rannpháirteacha ar a laghad. Féadfar gníomhaíochtaí a reáchtáil ag suíomh Institiúide de chuid an Aontais Eorpaigh freisin¹²⁴, fiú amháin más fíor nach bhfuil sa tionscadal aon eagraíocht rannpháirteach ón tír a óstálann an Institiúid.

¹²² Beidh ar eagraíochtaí rannpháirteacha sainordú a shíniú don eagraíocht is iarratasóir. Ba cheart na sainorduithe a sholáthar i gcéim an iarratais agus faoin tráth a shínítear an comhaontú deontais ar a dhéanaí. Chun breis faisnéise a fháil, féach Cuid C den treoir seo.

¹²³ Grúpa de cheithre dhuine óga ar a laghad idir 13 bliana d’aois agus 30 bliain d’aois. Glacann duine de na comhaltaí den ghrúpa atá ar a laghad 18 mbliana d’aois ról an ionadaí chomh maith leis an bhfreagracht thar ceann an ghrúpa. Seiceáil an ghluais le haghaidh sainmhíniú ar ghrúpa neamhfhoirmiúil. Chun críoch na gníomhaíochta seo agus aon fhorála a bhaineann léi, bainfidh ‘grúpa neamhfhoirmiúil daoine óga’ leis an nóisean ‘eagraíocht rannpháirteach’. I gcás ina ndéantar tagairt do ‘eagraíocht rannpháirteach’ measfar go gcumhdaítear ‘grúpa neamhfhoirmiúil daoine óga’ leis sin freisin.

¹²⁴ Is iad an Bhruiséil, Frankfurt, an Háig, Lucsamburg agus Strasbourg suíomhanna Institiúidí an Aontais Eorpaigh

Rannpháirtithe incháilithe	Daoine óga idir 13 bliana d'aois agus 30 bliain d'aois ¹²⁵ a chónaíonn i dtír na n-eagraíochtaí rannpháirteacha agus na gcinneadóirí atá ábhartha i leith na dtopaicí ar a ndírítear sa togra.
Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh?	Faoi bhráid Gníomhaireacht Náisiúnta na tíre ina bhfuil an eagraíocht is iarratasóir bunaithe.
Cathain is féidir iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí a n- iarratas ar dheontas a chur isteach faoi na dátaí seo a leanas: An 23 Feabhra ar 12:00:00 (meán lae am na Buiséile) le haghaidh tionscadail dar tosach idir an 1 Meitheamh agus an 31 Nollaig an bhliain chéanna An 4 Deireadh Fómhair ar 12:00:00 (meán lae am na Buiséile) le haghaidh tionscadail dar tosach idir an 1 Eanáir agus an 31 Bealtaine an bhliain ina dhiaidh sin Babhta breise féideartha: Féadfaidh Gníomhaireachtaí Náisiúnta cinneadh a dhéanamh babhta breise a oscailt. Cuirfidh na Gníomhaireachtaí Náisiúnta na hiarratasóirí ar an eolas faoi oscailt an bhabhta bhreise trína suíomhanna gréasáin. Má eagraítear babhta breise, ní mór d'iarratasóirí a n- iarratais a chur isteach faoin 4 Bealtaine ar 12:00:00 (meán lae am na Buiséile) le haghaidh tionscadail dar tosach idir an 1 Lúnasa agus an 31 Nollaig an bhliain chéanna.
Iarratas a dhéanamh	Féach cuid C den Treoir seo le haghaidh sonraí faoi conas iarratas a dhéanamh.
Iarscríbhinní	Ní mór dearbhú onóra ón ionadaí dlíthiúil a bheith i gceangal leis an bhfoirm iarratais. Má tá sé beartaithe go gcuirfidh an plean gníomhaíochtaí soghluaisteachta agus/nó imeachtaí fisiceacha chun feidhme: Ní mór tráthchlár de na gníomhaíochtaí soghluaisteachta agus/nó na himeachtaí fisiceacha beartaithe a bheith i gceangal leis an bhfoirm iarratais.

¹²⁵ Is fiú an méid seo a leanas a chur san áireamh:

íostearainneacha aoise – ní mór an aois íosta a bheith slánaithe ag na rannpháirtithe i ndáta tosaigh na gníomhaíochta.

uastearainneacha aoise – níor cheart do na rannpháirtithe a bheith níos sine ná an aois uasta léirithe i dtús na gníomhaíochta.

CRITÉIR DHÁMHACHTANA

Ábharthacht, réasúnaíocht agus tionchar (scór uasta 30 pointe)	• A ábhartha atá an tionscadal i leith an mhéid seo a leanas: ○ cuspóirí na Gníomhaíochta; ○ riachtanais na n-eagraíochtaí rannpháirteacha agus na rannpháirtithe. • A mhéid a dhíreofar sa tionscadal ar cheann amháin nó níos mó de na tosaíochtaí a shainaithnítear i gcomhthéacs Idirphlé Óige an Aontais nó na Spriocanna Eorpacha don Óige; • A mhéid atá an togra oiriúnach chun torthaí foghlama ardcháilíochta a bhaint amach le haghaidh na rannpháirtithe; • A mhéid a sholáthraítear breisluach Eorpach leis an tionscadal; • Tionchar féideartha an tionscadail: ○ ar rannpháirtithe agus ar eagraíochtaí rannpháirteacha le linn shaolré an tionscadail agus ina dhiaidh sin; ○ lasmuigh de na heagraíochtaí agus ar dhaoine aonair atá rannpháirteach go díreach sa tionscadal, ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus/nó Eorpach nó domhanda. • A mhéid atá bearta cuimsithe sa tionscadal arb é is aidhm dóibh féachaint chuige go mbeidh torthaí an tionscadail inbhuanaithe lastall de shaolré an tionscadail. • A mhéid atá an togra oiriúnach chun rannchuidiú leis na héirimí cuimsithe agus éagsúlachta, glasa, digiteacha agus rannpháirteacha den chlár; • A mhéid a thugann an tionscadal nuatheachtaithe agus eagraíochtaí ag a bhfuil níos lú taithí isteach sa Ghníomhaíocht; • A mhéid a dhírítear sa tionscadal ar chleachtais atá inbhuanaithe agus neamhdhíobhálach don chomhshaol.
--	--

Cáilíocht dhearadh an tionscadail (scór uasta 40 pointe)	• An chomhsheasmhacht idir na riachtanais atá sainaitheanta, cuspóirí an tionscadail, próifíl na rannpháirtithe agus na gníomhaíochtaí a mholtar; • Soiléireacht, iomláine agus cáilíocht gach céime den tionscadal: ullmhúchán (ullmhúchán na rannpháirtithe san áireamh), cur chun feidhme agus bearta leantacha (córas aiseolais do rannpháirtithe san áireamh); • A mhéid atá daoine óga páirteach i ngach céim de na gníomhaíochtaí; • A mhéid atá na gníomhaíochtaí deartha ar bhealach inrochtana agus cuimsitheach agus atá siad oscailte do rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu; • A iomchuí atá na modhanna foghlama rannpháirtíocha a mholtar, lena n-áirítear aon chomhchuid fhíorúil; • A mhéid atá úsáid á baint as foirmeacha malartacha, nuálacha agus cliste de rannpháirtíocht na hóige leis an tionscadal, go háirithe chun smaointe nua a thriail agus obair leantach a dhéanamh; • Cáilíocht na socruithe agus tacaíocht le haghaidh an phróisis machnaimh, sainaitheantais agus doiciméadú thorthaí foghlama na rannpháirtithe, agus úsáid chomhsheasmhach uirlisí trédhearcachta agus aitheantais Eorpacha, go háirithe Youthpass; • Leordhóthanacht agus éifeachtacht na mbeart dá bhforáiltear chun sábháilteacht agus cosaint na rannpháirtithe a áirithiú; • A mhéid atá cleachtais atá inbhuanaithe agus neamhdhíobhálach don chomhshaol ionchorpraithe sna gníomhaíochtaí.
Cáilíocht bhainistíocht an tionscadail (scór uasta 30 pointe)	• Cáilíocht na socruithe praiticiúla agus na módúlachtaí bainistíochta agus tacaíochta; • Cáilíocht an chomhair agus na cumarsáide idir rannpháirtithe an ghrúpa agus na ngrúpaí, eagraíochtaí rannpháirteacha, agus le geallsealbhóirí ábhartha eile ina theannta sin; • Cáilíocht na mbeart chun meastóireacht a dhéanamh ar chéimeanna agus torthaí éagsúla an tionscadail; • A iomchuí atá na bearta, agus cáilíocht na mbeart, arb é is aidhm dóibh torthaí an tionscadail a scaipeadh laistigh agus lasmuigh de na heagraíochtaí rannpháirteacha.

RIALACHA CISTIÚCHÁIN

Ní mór buiséad an tionscadail a dhréachtú i gcomhréir leis na rialacha cistiúcháin seo a leanas (in euro):

Uasmhéid an deontais a dhámhfar in aghaidh an tionscadail le haghaidh gníomhaíochtaí um rannpháirtíocht óige:
EUR 60 000

Catagóir bhuiséid	Costais incháilithe agus rialacha is infheidhme	Méid
Bainistíocht tionscadail	Costais atá nasctha le bainistíocht agus cur chun feidhme an tionscadail (mar shampla, ullmhúchán agus cur chun feidhme chruinnithe agus ghníomhaíochtaí an tionscadail, comhar agus cumarsáid idir na páirtithe, meastóireacht, scaipeadh eolais agus bearta leantacha) Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar fhad an tionscadail.	EUR 500 in aghaidh na míosa
Costais chóitseála	Costais atá nasctha le rannpháirtíocht cóitseálaí sa tionscadal. Ní bhíonn costais oiliúna infheidhme ach amháin má chuireann grúpa neamhfhoirmiúil daoine óga an tionscadal chun feidhme. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe thír an ionaid agus ar na laethanta oibre. San fhoirm iarratais ní mór údar a thabhairt leis an iarraidh ar thacaíocht airgeadais chun costais chóitseála a chumhdach. Níl fad na cóitseála nasctha le fad an tionscadail.	Tábla B3 in aghaidh an lae oibre. Ar a mhéad 12 lá.

Tacaíocht chuimsiúcháin le haghaidh rannpháirtithe	Costais bhreise a bhaineann go díreach le rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu agus lena ndaoine tionlacain, a n-éascaitheoirí agus a gcinneadóirí i ngníomhaíochtaí agus imeachtaí an tionscadail (costais taistil agus chothaithe a dtugtar údar leo san áireamh, mura n- iarrtar deontas le haghaidh na rannpháirtithe sin trí na catagóirí buiséid 'Taisteal' agus 'Tacaíocht aonair'). Sásra maoiniúcháin: fórchostais. Riail maidir le leithdháileadh: ní mór don iarratasóir údar a thabhairt leis an iarraidh agus ní mór don Ghníomhaireacht Náisiúnta í a fhormheas.	100 % de chostais incháilithe
Costais eisceachtúla	Costais chun ráthaíocht airgeadais a thabhairt, má iarrann an Ghníomhaireacht Náisiúnta sin. Sásra maoiniúcháin: fórchostais. Riail maidir le leithdháileadh: ní mór don iarratasóir údar a thabhairt leis an iarraidh agus ní mór don Ghníomhaireacht Náisiúnta í a fhormheas.	Ráthaíocht airgeadais: 80 % de chostais incháilithe

Tábla **B3** Costais chóitseála

	Múinteoir/Oiliúnóir/Taighde oir/ Oibrí óige Ranníocaíocht aonaid in aghaidh an lae
An Danmhairg, Éire, an Iorua, an Ísiltír, Lichtinstéin, Lucsamburg, an Ostair, an tSualainn	241
An Bheilg, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Iodáil, an Fhionlainn, an Íoslainn	214
Poblacht na Seice, an Ghréig, an Spáinn, an Chipir, Málta, an Phortaingéil, an tSlóivéin	137
An Bhulgáir, an Chróit, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, an Mhacadóin Thuaidh, an Pholainn, an Rómáin, an tSeirbia, an tSlóvaic, an Tuirc, an Ungáir	74

Maoiniú breise le haghaidh imeachtaí fisiceacha a chuirtear i gcrích faoi chuimsiú an tionscadail

Catagóir bhuiséid	Costais incháilithe agus rialacha is infheidhme	Méid
Tacaíocht le haghaidh imeachtaí rannpháirtíochta Óige	Costais a bhaineann le cur chun feidhme imeachtaí fisiceacha náisiúnta, trasnáisiúnta, agus idirnáisiúnta, atá lánach maidir le baint amach chuspóirí an tionscadail gníomhaíochtaí um rannpháirtíocht óige. Níl sé i gceist go gcumhdófaí leis an gcatagóir bhuiséid sin rannpháirtíocht ball foirne ón eagraíocht rannpháirteach/ó na heagraíochtaí rannpháirteacha nó	EUR 100 in aghaidh an rannpháirtí

	baill den ghrúpa neamhfhoirmiúil/de na grúpaí neamhfhoirmiúla daoine óga agus éascaitheoirí, toisc gur cheart na costais freastail a bhaineann leis na rannpháirtithe sin ag imeachtaí den sórt sin a chumhdach faoin gcatagóir bhuiséid ‘bainistíocht tionscadail’. I gcás inarb ábhartha, is féidir tacaíocht d’imeachtaí rannpháirtíochta Óige a chur le maoiniú le haghaidh soghluaisteachtaí laistigh de ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta Óige de réir na rialacha is infheidhme thíos. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an líon rannpháirtithe ag an imeacht, cinneadóirí san áireamh, seachas baill foirne ón eagraíocht rannpháirteach/ó na heagraíochtaí rannpháirteacha nó baill den ghrúpa neamhfhoirmiúil/de na grúpaí neamhfhoirmiúla daoine óga agus éascaitheoirí.	
--	---	--

Maoiniú breise le haghaidh soghluaisteachtaí a chuirtear i gcrích faoi chuimsiú an tionscadail

Catagóir bhuiséid	Costais incháilithe agus rialacha is infheidhme	Méid		
		Achar taistil	Taisteal caighdeánach	Taisteal glas
Taisteal	Ranníocaíocht le costais taistil na rannpháirtithe, agus a ndaoine tionlacain, a n-éascaitheoirí agus a gcinneadóirí san áireamh, óna n-áit bhunaidh chuig ionad na gníomhaíochta tionscadail nó chuig an imeacht fisiceach agus ar ais, is cuma más taisteal náisiúnta nó trasnáisiúnta atá i gceist. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an achar	10 – 99 km	EUR 23	
		100 – 499 km	EUR 180	EUR 210
		500 – 1 999 km	EUR 275	EUR 320
		2 000 – 2 999 km	EUR 360	EUR 410
		3 000 – 3 999 km	EUR 530	EUR 610

	taistil agus ar an líon daoine.	4000 – 7999 km	EUR 820	
	Ní mór don iarratasóir an t-achar idir an áit bhunaidh agus ionad na gníomhaíochta a léiriú ¹²⁶ tríd an áireamhán taistil lena dtacaíonn an Coimisiún Eorpach a úsáid ¹²⁷ . Le haghaidh gníomhaíochtaí taistil, ba cheart don iarratasóir na hachair idir ionaid aonair a chur le chéile agus an banda achair a chomhfhreagraíonn don iomlán a roghnú ¹²⁸ .	8 000 km nó níos mo	EUR 1500	
Tacaíocht Aonair	Costais atá nasctha leis an gcothú. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar fhad an fhanachta in aghaidh an rannpháirtí, a ndaoine tionlacain, a n-éascaitheoirí agus a gcinneadóirí (más gá), 1 lá taistil roimh an ngníomhaíocht agus 1 lá taistil i ndiaidh na gníomhaíochta san áireamh freisin (más gá), agus suas le 4 lá breise le haghaidh rannpháirtithe a fhaigheann deontas taistil ghlais	Tábla A2.1 in aghaidh an rannpháirtí in aghaidh an lae		
Tacaíocht chuimsiúcháin le haghaidh eagraíochtaí	Costais a bhaineann le gníomhaíochtaí soghluaisteachta a eagrú ina bhfuil rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu rannpháirteach. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an líon rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu, cé is moite de dhaoine tionlacain, d'éascaitheoirí agus de chinneadóirí.	EUR 100 in aghaidh an rannpháirtí		

¹²⁶ Mar shampla, má bhíonn duine ó Mhaidrid (na Spáinne) ag glacadh páirt i ngníomhaíocht atá á reáchtáil sa Róimh (an Iodáil), déanfaidh an t-iarratasóir an t-achar ó Mhaidrid go dtí an Róimh a ríomh (1 365.28 KM) agus ansin roghnóidh an t-iarratasóir an banda achair taistil is infheidhme (is é sin, idir 500 agus 1 999 km).

¹²⁷ https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/resources/distance-calculator_ga

¹²⁸ Mar shampla, má bhíonn rannpháirtí ó Mhaidrid (na Spáinne) ag glacadh páirt i ngníomhaíocht taistil atá á reáchtáil sa Róimh (an Iodáil) ar dtús agus ansin i Liúibleána (na Slóivéine), déanfaidh an t-iarratasóir an t-achar idir Maidrid agus an Róimh (1 365.28 KM) a ríomh ar dtús, ansin ríomhfaidh sé an t-achar idir an Róimh agus Liúibleána (489,75 KM) agus cuirfidh sé an dá achar le chéile (1 855.03 KM) b) roghnóidh sé an banda achair taistil is infheidhme (is é sin, idir 500 agus 1 999 KM) agus c) déanfaidh sé an deontas ón Aontas a ríomh, rud a sholáthróidh ranníocaíocht le costais taistil an rannpháirtí ó Mhaidrid go Liúibleána (tríd an Róimh) agus ar ais (EUR 275).

Costais eisceachtúla	Víosa agus costais a bhaineann le víosa, ceadanna cónaithe, vacsaínithe agus deimhnithe leighis. Costais taistil chostasaigh na rannpháirtithe, agus baill den ghrúpa neamhfhoirmiúil/de na grúpaí neamhfhoirmiúla, daoine tionlacain, éascaitheoirí agus cinneadóirí san áireamh, nach féidir tacú leo leis an ngnáthchatagóir ‘Taisteal’, de bharr iargúlacht gheografach nó bacainní eile (is é sin, i gcás ina mbíonn costais taistil níos costasaí ann toisc go n-úsáidtear modhanna iompair níos glaine ag a bhfuil astaíochtaí níos ísle carbóin). Sásra maoiniúcháin: fíorchostais. Riail maidir le leithdháileadh: ní mór don iarratasóir údar a thabhairt leis an iarraidh agus ní mór don Ghníomhaireacht Náisiúnta í a fhormheas. Tá feidhm ag taisteal costasach i gcásanna nach gcumhdaíonn an tacaíocht taistil bunaithe ar chostas aonaid 70 % de chostais taistil na rannpháirtithe. Má dhámhtar iad, cuirtear na costais eisceachtúla le haghaidh taisteal costasach in ionad an deontais taistil chaighdeánaigh.	Víosa agus costais a bhaineann le víosa, ceadanna cónaithe, vacsaínithe agus deimhnithe leighis: 100 % de chostais incháilithe Taisteal costasach: 80 % de chostais taistil incháilithe
------------------------------------	---	---

Tábla A2.1 : Tacaíocht aonair le haghaidh gníomhaíochtaí soghluaisteachta rannpháirtíochta óige	Gníomhaíochtaí um Rannpháirtíocht óige (euro in aghaidh an lae)
An Ostair	EUR 51
An Bheilg	EUR 47
An Bhulgáir	EUR 36
An Chróit	EUR 39
An Chipir	EUR 36
Poblacht na Seice	EUR 36
An Danmhairg	EUR 51
An Eastóin	EUR 37
An Fhionlainn	EUR 51
An Mhacadóin Thuaidh	EUR 31
An Fhrainc	EUR 43
An Ghearmáin	EUR 46
An Ghréig	EUR 43
An Ungáir	EUR 37

An Íoslainn	EUR 51
Éire	EUR 55
An Iodáil	EUR 44
An Laitvia	EUR 38
Lichtinstéin	EUR 51
An Liotuáin	EUR 38
Lucsamburg	EUR 51
Málta	EUR 44
An Ísiltír	EUR 51
An Iorua	EUR 56
An Pholainn	EUR 38
An Phortaingéil	EUR 42
An Rómáin	EUR 36
An tSeirbia	EUR 33
An tSlóvaic	EUR 39
An tSlóivéin	EUR 38
An Spáinn	EUR 38
An tSualainn	EUR 51
An Tuirc	EUR 36
Tíortha comharsanachta nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár	EUR 33

TIONSCADAIL SOGHLUAISTEACHTA LE HAGHAIDH DAOINE ÓGA – ‘GNÍOMHAÍOCHT CUIMSITHE DISCOVEREU’

Faoi Ghníomhaíocht Cuimsithe DiscoverEU, féadann eagraíochtaí agus grúpaí neamhfhoirmiúla daoine óga tacaíocht a fháil chun tionscadail a dhéanamh, cinn a ligean do dhaoine óga ar lú na deiseanna atá acu a bheith rannpháirteach in DiscoverEU ionas go mbeidh sí ar comhchéim lena bpiaraí.

Tugann DiscoverEU an deis do dhaoine óga ar aois 18 mbliana dul ag taisteal go gearrthéarmach, ina n-aonar nó i ngrúpa, ar fud na hEorpa le traenacha nó modhanna eile iompair nuair is gá. Is iad na nithe a leanas na cuspóirí leis:

- tugann sé deis do dhaoine óga tuiscint a fháil ar an Eoraip, chomh maith leis na deiseanna atá ar fáil san Eoraip i ndáil leis an oideachas amach anseo agus roghanna saoil a iniúchadh;
- tugann sé eolas, scileanna saoil agus inniúlachtaí a bheidh luachmhar do dhaoine óga;
- spreagann sé naisc agus idirphlé idirchultúrtha i measc na ndaoine óga;
- cothaíonn sé tuiscint maidir leis an muintearas san Aontas Eorpach agus an bhaint atá acu leis;
- spreagann sé daoine óga glacadh leis an taisteal inbhuanaithe go háirithe agus coinsias comhshaoil a fhorbairt go ginearálta.

CUSPÓIRÍ NA GNÍOMHAÍOCHTA

Is é is aidhm do DiscoverEU, gné an chuimsithe a fheabhsú le tacaíocht bhreise do rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu an Eoraip a iniúchadh.

Ar bhonn níos sonraí, tá sé d’aidhm ag Gníomhaíocht Cuimsithe DiscoverEU na nithe a leanas a dhéanamh:

- Teagmháil a dhéanamh le daoine óga ar lú na deiseanna atá acu nach ndéanadh iarratas as a stuaim féin;
- Na bacainní a chuireann cosc ar na daoine óga seo a bheith rannpháirteach go díreach i mbabhta ginearálta iarratais DiscoverEU a sháru agus an tacaíocht is gá a theastaíonn uathu a chur ar fáil ionas go mbeidh siad in ann a bheith ag taisteal;
- Forbairt inniúlachtaí agus scileanna na ndaoine óga ar lú na deiseanna atá acu agus atá rannpháirteach in DiscoverEU a spreagadh agus a fheabhsú.

COMHTHÉACS BEARTAIS

Le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019- 2027 leagtar amach Creat le haghaidh comhar Eorpach i réimse na hóige, bunaithe ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 22 Bealtaine 2018 maidir le páirt a thabhairt do dhaoine óga, ceangail a dhéanamh leo agus iad a chumhachtú. Leis an Straitéis cothaítear rannpháirtíocht na hóige sa saol daonlathach, tacaítear le rannpháirtíocht shóisialta agus saoránach agus is é is aidhm di a áirithiú go mbeidh na hacmhainní is gá ag gach duine óg chun páirt a ghlacadh sa tsochaí. I Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh áirítear próiseas idirphlé Óige freisin agus sa chomhthéacs sin, forbraíodh 11 Sprioc Eorpacha don Óige in 2018. Leis na spriocanna sin saináithnítear réimsí trasearnála lena ndéantar difear do shaol daoine óga agus tarraingítear aird ar dhúshláin. Le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh ba cheart rannchuidiú leis an bhfís sin a fhíorú le haghaidh daoine óga. Faoin gcóir réimse a bhaineann le ceangail a dhéanamh, le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh tá ceangail, caidrimh agus malartú taithí idir daoine óga á gcur chun cinn agus á

n-éascú mar áis ríthábhachtach chun forbairt a dhéanamh ar an Aontas amach anseo. Is fearr is féidir na ceangail sin a chothú trí fhoirmeacha éagsúla soghluaisteachta agus tá DiscoverEU ar cheann díobh sin.

[Straitéis an Aontais Eorpaigh i leith na hÓige | Tairseach Eorpach na hÓige \(europa.eu\)](https://europa.eu)

TUAIRISC AR NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Gníomhaíocht Cuimsithe DiscoverEU

Le Gníomhaíocht Cuimsithe DiscoverEU, cruinníonn idir duine óg amháin agus cúigear daoine óga, ar lú na deiseanna atá acu, ón tír chéanna le chéile ar feadh tréimhse ghairid chun dul ag taisteal ar fud na hEorpa. Cuimsítear sa tréimhse foghlama pleanáil, ullmhúchán, cur chun feidhme roimh thaisteal DiscoverEU, agus lena linn, chomh maith le beart leantach tar éis an taistil.

Níl na gníomhaíochtaí seo a leanas incháilithe le haghaidh deontais faoi DiscoverEU: turais staidéir acadúla; gníomhaíochtaí malartaithe arb é is aidhm dóibh brabús airgeadais a dhéanamh; gníomhaíochtaí malartaithe a d'fhéadfaí a mheas gur turais feidhmíochta, cruinnithe reachtúla, cúrsaí oiliúna curtha ar fáil ag daoine fásta le haghaidh daoine óga iad.

TIONSCADAL A BHUNÚ

Cuireann eagraíocht amháin nó grúpa neamhfhoirmiúil daoine óga amháin tionscadal chun feidhme, tionscadal a sheolann rannpháirtí amháin nó níos mó (nó grúpa rannpháirtithe) ar thaisteal DiscoverEU. Ba cheart don eagraíocht tairbhe a bhaint as a rannpháirtíocht i nGníomhaíocht Cuimsithe DiscoverEU agus, dá bhrí sin, ba cheart don tionscadal a bheith i gcomhréir le cuspóirí na heagraíochta agus oiriúnach dá cuid riachtanas. Is féidir a bheith ag obair i gcomhar le geallsealbhóirí i dtíortha eile a fhéadfadh gníomhaíochtaí¹²⁹ nó tacaíocht a chur ar fáil do na rannpháirtithe, mar shampla óstáil srl.

Baineann ceithre chéim le tionscadal: pleanáil, ullmhú, cur chun feidhme agus obair leantach. Ní mór d'eagraíochtaí rannpháirteacha agus do dhaoine óga atá páirteach sna gníomhaíochtaí ról gníomhach a ghlacadh sna céimeanna sin uile, rud a chuirfidh feabhas ar a n-eispéireas foghlama.

- pleanáil an eispéiris taistil (sainigh riachtanais, cuspóirí, torthaí foghlama agus cineál na gníomhaíochta/na ngníomhaíochtaí, pleanáil taistil, sceideal na ngníomhaíochtaí, srl.);
- ullmhúchán (socrúithe praiticiúla thaisteal DiscoverEU, socrú comhaontuithe le geallsealbhóirí, eagrú gníomhaíochtaí teangeolaíochta/idirchultúrtha/foghlama/cultútha/comhshaoil/digiteacha, cúraimí a bhaineann le hullmhú na rannpháirtithe sula n- imíonn siad, srl.);
- cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí le linn thaisteal DiscoverEU;
- obair leantach (meastóireacht ar na gníomhaíochtaí, torthaí foghlama na rannpháirtithe a shainithint agus a dhoiciméadú, chomh maith le scaipeadh agus úsáid thorthaí an tionscadail).

¹²⁹ féach Foireann Uirlisí na hÓige arna hullmhú ag an Ionstraim um Chomhpháirtíocht SALTO, modúl 9 'DiscoverEU (DiscoverEU (<https://participationpool.eu/wp-content/uploads/2021/05/Discover-EU-1.pdf>) le haghaidh inspioráide

Gníomhaíocht Cuimsithe DiscoverEU ardchaighdeán:

- tá sé ag brath ar rannpháirtíocht ghníomhach daoine óga ar lú na deiseanna atá acu agus eagraíochtaí rannpháirteacha, ar cheart dóibh ról ghníomhach a ghlacadh i ngach céim den tionscadal, rud a fheabhsóidh a n-eispéireas foghlama agus forbartha;
- tá grúpaí éagsúla rannpháirtithe, ar lú na deiseanna atá acu, páirteach ann, más féidir, agus tógtar ar an éagsúlacht sin leis;
- tá sé bunaithe ar riachtanais na rannpháirtithe óga agus iad sainaitheanta go soiléir;
- áirithítear go ndéanfar torthaí foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla thaithí DiscoverEU na rannpháirtithe a shainaitheant agus a dhóiciméadú go cuí;
- spreagtar na rannpháirtithe chun a machnamh a dhéanamh ar thopaicí agus luachanna Eorpacha.

Próiseas foghlama

Má chuirtear Gníomhaíocht Cuimsithe DiscoverEU ar bun i gcomhthéacs na foghlama seachfhoirmiúla, ní mór ar a laghad cuid de na torthaí foghlama inmhianaithe a phleanáil roimh ré, chun na deiseanna iomchuí a chinntiú. Ba cheart do na rannpháirtithe rannchuidiú lena riachtanais agus leis an bhfoghlaim ar mian leo a bhaint amach nó a fhorbairt trí thaisteal DiscoverEU a shainaitheant.

Ba cheart do na rannpháirtithe a bheith páirteach, a mhéid is féidir, i ndearadh agus forbairt na gníomhaíochta/na ngníomhaíochtaí le linn an taistil (réiteach an chláir, an chúrsa taistil, na ngníomhaíochtaí, áirithintí lóistín, srl.) agus ba cheart dóibh smaoineamh ar conas is féidir leo ullmhú chun go bhfoghlaiméoidís agus go bhforbróidís ar leibhéal pearsanta a mhéid is féidir le linn an taistil.

Tar éis thaisteal DiscoverEU, ba cheart a iarraidh ar na rannpháirtithe aiseolas a thabhairt ar an eispéireas maidir le taisteal DiscoverEU, a machnamh a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha acu agus ar conas is féidir leo úsáid a bhaint as na torthaí foghlama sin.

Ba cheart d'eagraíochtaí tacú leis an bpróiseas foghlama, le sainaitheant agus doiciméadú na dtorthaí foghlama, le húsáid Youthpass do rannpháirtithe DiscoverEU go háirithe.

Cosaint agus Sábháilteacht na rannpháirtithe

Is féidir le ceannaire grúpa/ceannairí grúpaí, éascaitheoir(í), agus duine tionlacain/daoine tionlacain ar féidir leo monatóireacht a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt do na rannpháirtithe chun próiseas foghlama cáilíochtúil a chinntiú le linn thaisteal DiscoverEU a bheith páirteach i nGníomhaíocht Cuimsithe DiscoverEU. San am céanna, freastalaíonn siad ar thimpeallacht shlán, mheasúil agus neamh-idirdhealaitheach agus ar chosaint na rannpháirtithe. Le linn na pleanála agus an ullmhúcháin le haghaidh thaisteal DiscoverEU faoi Gníomhaíocht Cuimsithe DiscoverEU, ba cheart dul i ngleic leis an tsaincheist a bhaineann le cosaint agus sábháilteacht na rannpháirtithe agus ba cheart foráil a dhéanamh maidir le gach beart is gá chun rioscaí a chosc/a laghdú.

Caighdeán Cháilíochta Erasmus i réimse na hÓige

Agus gach tionscadal lena dtacaítear faoin nGníomhaíocht seo á chur chun feidhme, ní mór Caighdeán Cháilíochta Erasmus i réimse na hÓige a leanúint chun gníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlama ardcháilíochta a eagrú. Le Caighdeán Cháilíochta Erasmus i réimse na hÓige cumhdaítear prionsabail bhunúsacha na Gníomhaíochta, chomh maith le cleachtais nithiúla maidir le cur chun feidhme le haghaidh cúraimí tionscadail amhail roghnú agus ullmhú rannpháirtithe, sainiú, meastóireacht agus aitheanta torthaí foghlama, comhroinnt torthaí tionscadail, srl. Tá Caighdeán Cháilíochta Erasmus i

réimse na hÓige le fáil anseo: https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/resources/documents/erasmus-quality-standards-mobility-projects-youth_ga

Gnéithe Cothrománacha

An cuimsiú agus an éagsúlacht

Leis an gClár Erasmus+ féachtar leis an gcomhionannas deiseanna a chur chun cinn ar fud a ghníomhaíochtaí uile agus féachtar leis an rochtain, leis an gcuimsiú, agus leis an gcothroime a chur chun cinn leis sin freisin. Ba cheart d'eagraíochtaí gníomhaíochtaí tionscadail inrochtana agus cuimsitheacha a dhearadh, agus dearcthaí na rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu á gcur san áireamh agus páirt á tabhairt dóibh sa phróiseas cinnteoireachta.

Oireann Gníomhaíocht Cuimsithe DiscoverEU do chuimsiú daoine óga ar lú na deiseanna atá acu go háirithe:

- Chun taithí a fháil ar an taisteal mar dhuine aonair;
- Le soghluaisteacht grúpa tairgtear eispéreas soghluaisteachta idirnáisiúnta do dhaoine óga agus iad sábháilte i ngrúpa;
- De bharr an fhaid ghearr agus dlúth- thionlacan eagraíochta, faigheann daoine óga, ar lú na deiseanna atá acu, an deis dul ag taisteal i ngrúpa nó ina n-aonar fiú.

Tá Gníomhaíocht Cuimsithe DiscoverEU oiriúnach freisin chun oibriú ar an gcuimsiú agus ar an éagsúlacht chun tacú leis an gcomhrac in aghaidh steiréitíopaí chomh maith leis an tuiscint, leis an gcaoinfhulaingt agus leis an neamh-idirdhealú a chothú.

Inbhuaine comhshaoil

Ba cheart do DiscoverEU iompar atá inbhuanaithe agus freagrach ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn i measc na rannpháirtithe, agus feasacht á múscailt faoin tábhacht a bhaineann le gníomhú chun lorg comhshaoil gníomhaíochtaí soghluaisteachta a laghdú nó a chúiteamh. Ba cheart Gníomhaíocht Cuimsithe DiscoverEU a dhearadh agus a chur chun feidhme agus feasacht á cothú ar an gcomhshaoil, mar shampla, trí chleachtais inbhuanaithe a lánpháirtiú amhail ábhair in-athúsáidte nó éiceabhácha a roghnú, tríd an dramhaíl a laghdú, tríd an athchúrsáil agus trí mhodhanna iompair inbhuanaithe a roghnú.

An claochlú digiteach in DiscoverEU

Leis an gClár Erasmus+ tacaítear leis na heagraíochtaí rannpháirteacha úsáid uirlisí digiteacha agus modhanna foghlama ar líne a shní isteach chun na gníomhaíochtaí fisiceacha a chomhlánú, chun feabhas a chur ar an gcomhar idir geallsealbhóirí, agus chun feabhas a chur ar cháilíocht na ngníomhaíochtaí. Moltar tabhairt isteach gnéithe digiteacha agus gnéithe ar líne chun an tairseach le haghaidh rannpháirtíochta a ísliú do dhaoine óga ar lú na deiseanna atá acu. Trí tionscadail agus gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh borradh a chur faoi scileanna digiteacha, an litearthacht dhigiteach a chothú agus/nó tuiscint a fhorbairt ar rioscaí agus ar dheiseanna na teicneolaíochta digití, féadfaidh an clár meonta a athrú agus cur le cuir chuige dhigiteacha agus chumaisc a fhorbairt i ngníomhaíochtaí na hÓige.

Ag brath ar dhearadh agus cuspóirí na ngníomhaíochtaí, forbairt na n-inniúlachtaí agus feasacht ar shaincheisteanna digiteacha, agus úsáid teicneolaíochtaí nua a bhféadfar a thabhairt isteach i soghluaisteachaí foghlama.

Rannpháirtíocht

Tacaíonn an Clár Erasmus+ le gach eagraíocht rannpháirteach chun cáilíocht a dtionscadal a fheabhsú trí ghné rannpháirtíochta a chuimsiú, deiseanna ábhartha a thairiscint do dhaoine óga chun gabháil do cheapadh agus do chur chun feidhme gníomhaíochtaí tionscadail, agus chun páirt a ghlacadh sa cheapadh agus sa chur chun feidhme sin, mar bhealach chun eolas a chur ar thairbhí na saoránachta gníomhaí agus na rannpháirtíochta sa saol daonlathach. Tá acmhainní chun gné rannpháirtíochta tionscadal a dtacaítear leo le fáil *inter alia* ar an suíomh gréasáin participationpool.eu. Ina theannta sin, spreagtar naisc le tionscnaimh agus le hardáin (eile) náisiúnta nó idirnáisiúnta nó de chuid an Aontais atá ann cheana, atá bunaithe ar an rannpháirtíocht agus ar an rannpháirtíocht saoránach, agus spreagtar páirt a ghlacadh sna tionscnaimh agus sna hardáin den sórt sin.

NA CRITÉIR A ÚSÁIDTEAR CHUN MEASÚNÚ A DHÉANAMH AR AN TIONSCADAL SEO

CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Critéir Incháilitheachta ghinearálta

Tá feidhm leis na critéir ghinearálta thíos maidir le hiarratas a dhéanamh ar ghníomhaíocht cuimsithe DiscoverEU.

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Is féidir le haon eagraíocht nó grúpa rannpháirteach incháilithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas ach atá comhlachaithe leis an gClár a bheith ina (h)iarratasóir.
Eagraíochtaí rannpháirteacha incháilithe	Is féidir le heagraíocht rannpháirteach incháilithe a bheith: - ina heagraíocht neamhbhrabúsach, ina comhlachas, ina heagraíocht neamhrialtasach; ina comhlacht poiblí ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta; ina fiontar sóisialta; ina comhlacht brabúsach atá gníomhach sa fhreagracht chorparáideach; - ina grúpa neamhfhoirmiúil daoine óga¹³⁰. bunaithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár
An líon eagraíochtaí rannpháirteacha	Eagraíocht rannpháirteach amháin ar a laghad
Fad an tionscadail	Idir 3 mhí agus 18 mí.
Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh?	Is féidir iarratas a chur faoi bhráid Ghníomhaireacht Náisiúnta na tíre ina bhfuil an eagraíocht is iarratasóir bunaithe

¹³⁰ Grúpa de cheithre dhuine óga ar a laghad idir 18 bliana d'aois agus 30 bliain d'aois. Glacann duine de na baill den ghrúpa ról an ionadaí chomh maith leis an bhfreagracht thar ceann an ghrúpa. Seiceáil an ghluais le haghaidh sainmhíniú ar ghrúpa neamhfhoirmiúil. Chun críoch na gníomhaíochta seo agus aon fhorála a bhaineann léi, bainfidh 'grúpa neamhfhoirmiúil daoine óga' leis an nóisean 'eagraíocht rannpháirteach'. I gcás ina ndéantar tagairt do 'eagraíocht rannpháirteach' measfar go gcumhdaítear 'grúpa neamhfhoirmiúil daoine óga' leis sin freisin.

Cathain is féidir iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí a n- iarratas ar dheontas a chur isteach faoi na dátaí seo a leanas: An 4 Deireadh Fómhair ar 12:00:00 (meán lae am na Bruiséile) le haghaidh tionscadail dar tosach idir an 1 Márta agus an 31 Lúnasa an bhliain ina dhiaidh sin Babhta breise féideartha: An 23 Feabhra ar 12:00:00 (meán lae am na Bruiséile) le haghaidh tionscadail dar tosach idir an 1 Iúil den bhliain chéanna agus an 31 Márta an bhliain ina dhiaidh sin
Iarratas a dhéanamh	Féach cuid C den Treoir seo le haghaidh sonraí faoi conas iarratas a dhéanamh.
Iarscríbhinní	Ní mór dearbhú onóra ón ionadaí dlíthiúil a bheith i gceangal leis an bhfoirm iarratais.

Critéir Incháilitheachta bhreise maidir le Gníomhaíocht Cuimsithe DiscoverEU

Fad in aghaidh thaisteal DiscoverEU	Idir 1 agus 30 lá. Is féidir leis an eagraíocht roinnt tréimhsí taistil DiscoverEU a eagrú (1-5 rannpháirtithe agus duine tionlacain/daoine tionlacain gach uair ar deireadh) le linn shaolré an tionscadail.
Iona(i)d an tionscadail	Ní mór do thréimhsí taistil DiscoverEU tarlú, ar a laghad, i dtír amháin eile atá difriúil leis an áit ar thosaigh an rannpháirtí/na rannpháirtithe an taisteal.
An líon eagraíochtaí rannpháirteacha	Ní mór eagraíocht rannpháirteach amháin a bheith páirteach.
Rannpháirtithe incháilithe	Daoine óga ar lú na deiseanna atá acu¹³¹ atá 18 mbliana d'aois¹³² agus ar cónaitheoirí dlítheanacha iad i dtíortha na heagraíochta seolta. Ní mór do cheannairí grúpa¹³³, d'éascaitheoirí nó do dhaoine tionlacain a bheith 18 mbliana d'aois ar a laghad.

¹³¹ féach an sainmhíniú faoin ngluais ar 'rannpháirtí ag a bhfuil deiseanna níos lú'

¹³² Is fiú an méid seo a leanas a chur san áireamh:

íostearainneacha aoise – ní mór an aois íosta a bheith slánaithe ag na rannpháirtithe i ndáta tosaigh na gníomhaíochta.

uasteorainneacha aoise – níor cheart do na rannpháirtithe a bheith níos sine ná an aois uasta léirithe i ndáta tosaigh na gníomhaíochta.

¹³³ Is éard is ceannaire grúpa ann duine fásta a théann in éineacht leis na daoine óga chun a chinntiú go dtabharfaidh siad faoin bhfoghlaim, go gcosnófar iad agus go mbeidh siad sábháilte, agus sin ar bhealach éifeachtach.

An líon rannpháirtithe agus comhdhéanamh na ngrúpaí náisiúnta	Rannpháirtí amháin ar a laghad agus cúigear rannpháirtithe ar a mhéad in aghaidh thaisteal DiscoverEU (níl ceannairí grúpa, éascaitheoirí ná daoine tionlacain san áireamh sa líon sin). Is féidir le grúpaí taisteal ina n-aonar nó is féidir le duine nó daoine tionlacain dul in éineacht leo.
--	---

CRITÉIR DHÁMHACHTANA

Déanfar measúnú ar thionscadail de réir na gcritéir dámhachtana seo a leanas. Ní mór do thograí 60 pointe ar a laghad a bhaint amach chun go gcuirfear san áireamh le haghaidh cistiúcháin iad. Thairis sin, ní mór dóibh ar a laghad leath na bpointí scóir uasta a bhaint amach i ngach ceann de na catagóirí le haghaidh critéir dhámhachtana a luaitear thíos.

Ábharthacht, réasúnaíocht agus tionchar (scór uasta 40 pointe)	• A ábhartha atá an tionscadal i leith an mhéid seo a leanas: - cuspóirí na Gníomhaíochta; - riachtanais na n-eagraíochtaí rannpháirteacha agus na rannpháirtithe. - A mhéid a chuireann an tionscadal ar chumas na ndaoine óga a bheith ag foghlaim leis an bhfionnachtain; • Tionchar féideartha an tionscadail: - ar rannpháirtithe agus eagraíochtaí rannpháirteacha le linn shaolré an tionscadail agus ina dhiaidh sin; • A mhéid is féidir leis an eagraíocht fianaise a thabhairt i ndáil leis an taithí atá aici maidir le bheith ag obair le daoine óga ar lú na deiseanna atá acu ón mbonn aníos. • A mhéid atá an togra oiriúnach chun rannchuidiú leis na héirimí cuimsithe agus éagsúlachta, glasa, digiteacha agus rannpháirteacha den chlár; • A mhéid a thugann an tionscadal nuatheachtaithe agus eagraíochtaí ag a bhfuil níos lú taithí isteach sa chlár Erasmus+, rud lenar féidir fianaise a thabhairt maidir leis an taithí atá aige i ndáil le bheith ag obair le daoine óga ar lú na deiseanna atá acu
--	---

Cáilíocht dhearadh an tionscadail (scór uasta 40 pointe)	• Soiléireacht, iomláine agus cáilíocht gach céime den tionscadal: ullmhúchán atá saincheaptha do riachtanais shonracha na rannpháirtithe, tacaíocht le linn an taistil, cur chun feidhme gníomhaíochtaí agus bearta leantacha; • A mhéid atá rannpháirtithe páirteach i ngach céim de na gníomhaíochtaí; • Deartar na gníomhaíochtaí ar bhealach inrochtana agus cuimsitheach. • Cáilíocht na socruithe agus tacaíocht le haghaidh an phróisis machnaimh, sainaitheint agus doiciméadú thorthaí foghlama na rannpháirtithe, agus úsáid Youthpass; • Leordhóthanacht agus éifeachtacht na mbeart dá bhforáiltear chun sábháilteacht agus cosaint na rannpháirtithe a áirithiú; • A mhéid atá cleachtais atá inbhuanaithe agus neamhdhíobhálach don chomhshaol ionchorpraithe sna gníomhaíochtaí.
Cáilíocht bhainistíocht an tionscadail (scór uasta 20 pointe)	• Cáilíocht na socruithe praiticiúla agus na módúlachtaí bainistíochta agus tacaíochta; • Cáilíocht an chomhair agus na cumarsáide le geallsealbhóirí ábhartha eile, más infheidhme; • Cáilíocht na mbeart chun meastóireacht a dhéanamh ar chéimeanna agus torthaí éagsúla an tionscadail; • A iomchuí atá na bearta, agus cáilíocht na mbeart, arb é is aidhm dóibh torthaí an tionscadail a scaipeadh laistigh agus lasmuigh de na heagraíochtaí rannpháirteacha.

RIALACHA CISTIÚCHÁIN

Catagóir bhuiséid	Costais incháilithe agus rialacha is infheidhme	Méid
Costais taistil	Pas taistil: Líon na bpasanna taistil do na rannpháirtithe. Líon na bpasanna taistil ag aon duine tionlacain (agus iad ag úsáid an mhodha iompair chéanna leis na rannpháirtithe).	Pas taistil de 7 lá taistil¹³⁵ laistigh de mhí amháin

¹³⁵ Tá an pas taistil bailí ar feadh 30 lá agus laistigh de na laethanta sin is féidir leis an rannpháirtí a bheith ag taisteal ar a mhéad traenacha is mian leis an rannpháirtí ó mheán oíche go meán oíche ar gach ceann de na 7 lá taistil. Is faoin rannpháirtí féin an bealach a gcaitear na laethanta eile.

	Taistealóidh rannpháirtithe, mar riail ghinearálta, agus úsáid á baint acu as an modh iompair lena mbaineann na hastaíochtaí gás ceaptha teasa is ísle ar an bhforiomlán¹³⁴. Sásra maoiniúcháin: - Ranníocaíocht chomhchineáil as an bpas taistil; - Ranníocaíocht le costais aonaid: i gcásanna nach mbeidh an tír thionscnaimh nasctha go díreach leis an gcóras traenach ar mhór-roinn na hEorpa agus ina bhfuil gá le taisteal breise, ar mhodhanna eile iompair chun an tír ina dtosaíonn an tsoghluaisteacht a shroicheadh. - Taisteal glas: I gcásanna ina mbíonn ar rannpháirtithe taisteal breise a dhéanamh chun an áit ina dtosaíonn an ghníomhaíocht a bhaint amach, bíonn siad i dteideal tacaíochta taistil freisin, 'taisteal glas' san áireamh i gcás inarb infheidhme.	Ranníocaíocht as modh iompair eile i gcás inarb infheidhme		
		Achar taistil	Taisteal caighdeánach	Taisteal glas
		10 – 99 km	EUR 23	
		100 – 499 km	EUR 180	EUR 210
		500 – 1 999 km	EUR 275	EUR 320
		2 000 – 2 999 km	EUR 360	EUR 410
		3 000 – 3 999 km	EUR 530	EUR 610
		4000 – 7999 km	EUR 820	
		8 000 km nó níos mo	EUR 1500	
Tacaíocht Eagraíochtúil	Costais atá nasctha go díreach le cur chun feidhme gníomhaíochtaí soghluaisteachta. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an líon rannpháirtithe, cé is moite de cheannairí grúpa, daoine tionlacain agus éascaitheoirí.	EUR 100 in aghaidh an rannpháirtí		

¹³⁴ <https://www.eea.europa.eu/data-and-maps/indicators/energy-efficiency-and-specific-co2-emissions/energy-efficiency-and-specific-co2-9>

Tacaíocht Aonair	Costais atá nasctha leis an gcothú. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar fhad an fhanachta in aghaidh an rannpháirtí, ceannairí grúpa, daoine tionlacain agus éascaitheoirí san áireamh.	EUR 70 in aghaidh an rannpháirtí in aghaidh an lae. 21 lá tacaíochta ar a mhéad in aghaidh an rannpháirtí.
Tacaíocht chuimsiúcháin	Costais a bhaineann le gníomhaíochtaí soghluaisteachta a eagrú do rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an líon rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu, cé is moite de cheannairí grúpa, daoine tionlacain agus éascaitheoirí.	EUR 100 in aghaidh an rannpháirtí
	Costais bhreise atá nasctha go díreach le rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu agus leis na daoine atá á dtionlacan, lena n-áirítear ceannairí grúpa agus éascaitheoirí (lena n-áirítear costais taistil agus chothaithe a dtugtar údar leo mura n-iarrtar deontas le haghaidh na rannpháirtithe sin trí na catagóirí buiséid ar a dtugtar 'Taisteal' agus 'Tacaíocht aonair'). Sásra maoiniúcháin: fíorchostais. Riail maidir le leithdháileadh: ní mór don iarratasóir údar a thabhairt leis an iarraidh agus ní mór don Ghníomhaireacht Náisiúnta í a fhormheas.	100 % de chostais incháilithe
Costais eisceachtúla	Costais chun ráthaíocht airgeadais a thabhairt, má iarrann an Ghníomhaireacht Náisiúnta sin. Víosa agus costais a bhaineann le víosa, ceadanna cónaithe, vacsaínithe agus deimhnithe leighis. Costais áirithintí: ní féidir, i dtíortha áirithe, a bheith ag taisteal gan áirithint éigeantach ar shuíochán. D'fhéadfaí costais na n-áirithintí sin a chumhdach chomh maith le costas an phas taistil i gcás inarb infheidhme. Costais taistil chostasaigh na rannpháirtithe, lena n-áirítear daoine tionlacain, ceannairí grúpa agus éascaitheoirí; nach féidir tacú leo leis an	Ráthaíocht airgeadais: 80 % de chostais incháilithe Víosa agus costais a bhaineann le víosa, ceadanna cónaithe, vacsaínithe agus deimhnithe leighis: 100 % de chostais incháilithe Costais áirithintí: 80 % de chostais áirithinte incháilithe Costais taistil chostasaigh: 80 % de chostais taistil incháilithe

	ngnáthchatagóir ‘Taisteal’, de bharr iargúlacht gheografach nó bacainní eile (is é sin, i gcás ina mbíonn costais taistil níos costasaí ann toisc go n-úsáidtear modhanna iompair níos glaine ag a bhfuil astaíochtaí níos ísle carbóin). Sásra maoiniúcháin: fíorchostais. Riail maidir le leithdháileadh: ní mór don iarratasóir údar a thabhairt leis an iarraidh agus ní mór don Ghníomhaireacht Náisiúnta í a fhormheas. Tá feidhm ag taisteal costasach i gcásanna nach gcumhdaíonn an tacaíocht taistil bunaithe ar chostas aonaid 70 % de chostais taistil na rannpháirtithe. Má dhámhtar iad, cuirtear na costais eisceachtúla le haghaidh taisteal costasach in ionad an deontais taistil chaighdeánaigh.	
--	--	--

SOGLHUAISTEACHT FOIRNE I RÉIMSE AN SPÓIRT

Is é is aidhm don ghníomhaíocht seo cur le forbairt eagraíochtaí spóirt trí thacaíocht a thabhairt do shoghluaisteacht foghlama a mball foirne.

Ba cheart do na heagraíochtaí rannpháirteacha an cuimsiú agus an éagsúlacht, an inbhuaine comhshaoil, an t-éifeachtas digiteach agus rannpháirtíocht ghníomhach a chur chun cinn go gníomhach trína ngníomhaíochtaí. Ba cheart dóibh déanamh amhlaidh ag úsáid na ndeiseanna cistiúcháin sonracha dá bhforáiltear leis an gclár chun na gcríoch sin, trí fheasacht a ardú i measc a rannpháirtithe, trí dheachtachais a chomhroinnt, agus trí dhearadh iomchuí a roghnú le haghaidh a ngníomhaíochtaí.

Is é is aidhm ghinearálta don ghníomhaíocht seo deis a thabhairt d'fhoireann eagraíochtaí spóirt, a bhaineann le spóirt an phobail go príomha, chun a n-inniúlachtaí agus a gcáilíochtaí a fheabhsú agus scileanna nua a shealbhú trí shoghluaisteacht foghlama trí thréimhse a chaitheamh ar an gcoigríoch, ag cur le fothú acmhainneachta agus le forbairt eagraíochtaí spóirt, dá réir sin.

Tacaíonn an ghníomhaíocht seo le forbairt ghairmiúil cóitseálaithe agus ball foirne eile (idir bhaill foirne íoctha agus oibrithe deonacha) i spóirt ar an mbunleibhéal. Féadfaidh baill foirne atá páirteach i spóirt nach bhfuil ar an mbunleibhéal, agus iad siúd atá páirteach i ngairmeacha spóirt agus i ngairmeacha nach mbaineann leis an spóirt araon, an tionchar foghlama agus an malartú eolais le haghaidh baill foirne agus eagraíochtaí spóirt ar an mbunleibhéal a fheabhsú freisin san áireamh. Féadfar tacú le deiseanna soghluaisteachta foghlama do bhaill foirne i spóirt nach bhfuil ar an mbunleibhéal i gcás ina bhféadfadh spóirt ar an mbunleibhéal tairbhiú de rannpháirtíocht ball foirne den sórt sin.

Cuireann an Ghníomhaíocht le cuspóirí Phlean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spóirt 2021-2024¹³⁶.

Ar bhonn sonrach, tá sé d'aidhm ag tionscadail soghluaisteachta i réimse an spóirt:

- díriú ar spóirt an phobail, agus an ról tábhachtach a bhíonn ag an spóirt maidir le cur chun cinn ghníomhaíochta fisicí agus stíl mhaireachtála shláintiúil, caidrimh idirphearsanta, cuimsiú sóisialta agus comhionannas á gcur san áireamh;
- éirim Eorpach an spóirt agus comhar idirnáisiúnta a fhorbairt i réimse na soghluaisteachta foghlama sa spóirt;
- inniúlachtaí eagraíochtaí pobalbhunaithe a fhothú;
- eolas agus oileacht na mball foirne spóirt a fheabhsú;
- luachanna coiteanna na hEorpa a chur chun cinn tríd an spóirt, dea-rialachas agus ionracas sa spóirt, forbairt inbhuanaithe, chomh maith le hoideachas, oiliúint agus scileanna sa spóirt, agus tríd an spóirt, a chur chun cinn.
- slí mhaireachtála ghníomhach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus saoránacht ghníomhach a chur chun cinn;
- líonraí Eorpacha de chóitseálaithe agus baill foirne spóirt a bhunú.

¹³⁶ [https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:42020Y1204\(01\)](https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:42020Y1204(01))

Is í an eagraíocht is iarratasóir an príomhghníomhaí i dtionscadal de chuid Phríomhghníomhaíocht 1. Déanann an t-iarratasóir an t-iarratas a dhréachtú agus a chur isteach, an comhaontú deontais a shíniú le Ghníomhaireacht Náisiúnta Erasmus+, na gníomhaíochtaí soghluaisteachta a chur chun feidhme, agus tuairiscíonn an t-iarratasóir sin dá nGníomhaireacht Náisiúnta Erasmus+ freisin. Is gníomhaíochtaí soghluaisteachta amach iad an dá chineál gníomhaíochtaí a dtacaítear leo. Ciallaíonn sin go ngníomhóidh an eagraíocht is iarratasóir mar eagraíocht seolta: déanfaidh sí rannpháirtithe a roghnú agus a sheoladh chuig ósteagraíocht ar an gcoigríoch.

Is féidir breis agus gníomhaíocht amháin a chuimsiú faoi thionscadal. Is féidir gníomhaíochtaí a chomhcheangal, ag brath ar chuspóirí an tionscadail agus riachtanais na heagraíochta rannpháirtí/na n-eagraíochtaí rannpháirteacha agus na rannpháirtithe féin.

Baineann ceithre chéim le tionscadal: pleanáil, ullmhú, cur chun feidhme agus obair leantach.

- Pleanáil (riachtanais, cuspóirí, torthaí foghlama agus formáidí na gníomhaíochta a shainiú, an clár oibre a fhorbairt, na gníomhaíochtaí a sceidealú srl.)
- Ullmhú (socruithe praiticiúla, roghnú na rannpháirtithe, rannpháirtithe a ullmhú ó thaobh foghlaim teanga/idirchultúrtha de agus ó thaobh na gcúraimí de roimh imeacht, cruinnithe ullmhúcháin fhíorúla, srl.);
- Cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí;
- Obair leantach (meastóireacht ar na gníomhaíochtaí, torthaí foghlama na rannpháirtithe a shainaithint agus a dhoiciméadú, chomh maith le scaipeadh agus úsáid thorthaí an tionscadail, cruinnithe leantacha fíorúla).

Tacaíonn Erasmus+ le tosaíochtaí cothrománacha an chláir i réimse an spóirt:

An Cuimsiú agus an Éagsúlacht

Leis an gClár Erasmus+ féachtar leis an gcomhionannas deiseanna a chur chun cinn ar fud a ghníomhaíochtaí uile agus féachtar leis an rochtain, leis an gcuimsiú, agus leis an gcothroime a chur chun cinn leis sin freisin. Ní mór d'eagraíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón gClár a chinntiú go dtairgfídh siad deiseanna soghluaisteachta ar bhealach cuimsitheach agus cothrom do rannpháirtithe ó gach cúlra. Le roghnú na rannpháirtithe ba cheart a chinntiú go mbeidh tairbhí a bhforbartha pearsanta go hiomlán inaistrithe laistigh den eagraíocht seolta.

Le linn gníomhaíochtaí soghluaisteachta a ullmhú, a chur chun feidhme agus obair leantach a dhéanamh orthu, ba cheart do na heagraíochtaí seolta agus ósteagraíochtaí páirt a thabhairt do na rannpháirtithe i bpríomhchinní chun an oiread tairbhí agus tionchair agus is féidir a áirithiú le haghaidh gach rannpháirtí

Inbhuaine comhshaoil

Le tionscadal ba cheart iompar atá inbhuanaithe agus freagrach ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn i measc na rannpháirtithe, agus feacht á múscailt faoin tábhacht a bhaineann le gníomhú chun lorg comhshaoil gníomhaíochtaí soghluaisteachta a laghdú nó a chúiteamh. Ba cheart é a dhearadh agus a chur chun feidhme agus feacht á cothú ar an gcomhshaoil, mar shampla, trí chleachtais inbhuanaithe a lánpháirtiú amhail ábhair in-athúsáidte nó éiceabhácha a roghnú, tríd an dramhail a laghdú agus tríd an athchúrsáil. Ba cheart na príonsabail sin a léiriú in ullmhú agus cur chun feidhme gach gníomhaíochta de chuid an chláir, go háirithe trí thacaíocht cistiúcháin shonrach a úsáid, rud a sholáthraítear leis an gclár chun modhanna inbhuanaithe taistil a chur chun cinn.

Aistriú digiteach

Leis an gClár Erasmus+ tacaítear leis na heagraíochtaí rannpháirteacha úsáid uirlisí agus modhanna foghlama digiteacha a ionchorprú chun a ngníomhaíochtaí fisiceacha a chomhlánú, chun feabhas a chur ar an gcomhar idir eagraíochtaí comhpháirteacha, agus chun feabhas a chur ar cháilíocht na ngníomhaíochtaí.

Rannpháirtíocht sa saol daonlathach

Is é is aidhm don chlár cuidiú leis na rannpháirtithe teacht ar na tairbhíthe a bhaineann leis an tsaoránacht agus leis an rannpháirtíocht ghníomhach sa saol daonlathach. Ba cheart do ghníomhaíochtaí soghluaisteachta a fhaigheann tacaíocht scileanna rannpháirtíochta a threisiú i réimsí éagsúla den tsochaí shibhialta, agus i bhforbairt inniúlachtaí sóisialta agus idirchultúrtha, na smaointeoireachta criticiúla agus na litearthachta sna meáin. Aon uair is féidir, le tionscadail ba cheart deiseanna a thairiscint do dhaoine a bheith rannpháirteach sa saol daonlathach chomh maith le deiseanna le haghaidh rannpháirtíocht saoránach agus shóisialta trí ghníomhaíochtaí foghlama foirmiúla nó neamhfoirmiúla. Tuiscint rannpháirtithe ar an Aontas Eorpach agus ar chomhluachanna Eorpacha, agus meas ar phrionsabail dhaonlathacha, dínit an duine, an aontacht agus an éagsúlacht, idirphlé idirchultúrtha, chomh maith le hoidhreacht shóisialta, chultúrtha agus stairiúil Eorpach san áireamh, ba cheart tuiscint na rannpháirtithe ar na gnéithe sin a fheabhsú trí rannpháirtíocht sna soghluaisteachtaí.

Na formáidí atá ar fáil:

Tacaítear leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- Scáthfhoghlaím agus tréimhse bhreathnóireachta (2-14 lá)
- Tascanna cóitseála nó traenála (15-60 lá)

Is éard atá i gceist le scáthfhoghlaím cás inar féidir le rannpháirtithe tréimhse (2-14 lá) a chaitheamh ag eagraíocht óstála i dtír eile agus is é is cuspóir don scáthfhoghlaím cleachtais nua a fhoghlaim agus smaointe nua a bhailiú trí bhreathnóireacht agus idirphlé le piaraí, cóitseálaithe, oibrithe deonacha nó baill eile foirne ina n-obair laethúil ag an eagraíocht óstála.

Is éard atá i gceist le tascanna cóitseála nó traenála cás inar féidir le rannpháirtithe tréimhse (15-60 lá), ina gcuireann siad cóitseáil nó traenáil ar fáil, a chaitheamh ag eagraíocht óstála i dtír eile, mar bhealach chun bheith ag foghlaim trína gcúraimí a chur i gcrích agus malartú le piaraí. Cuireann sé le fothú acmhainní eagraíochtaí pobalbhunaithe.

Ní cheadaítear go mbeadh sé de chuspóir ag gníomhaíochtaí brabús a dhéanamh.

I dteannta na soghluaisteachta fisicí, is féidir gach gníomhaíocht soghluaisteachta ball foirne a chumasc le gníomhaíochtaí fíorúla. Tá feidhm leis na faid íosta agus uasta a shonraítear thuas maidir leis an gcomhchuid soghluaisteachta fisicí.

Le haghaidh aon ghníomhaíocht, is féidir tacaíocht bhreise a sholáthar do dhaoine a thionlacann rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu. Is féidir tacú le daoine tionlacain ar feadh fhad iomlán na gníomhaíochta nó ar feadh cuid de sin.

Cuairteanna ullmhúcháin

Is é is aidhm do chuairteanna ullmhúcháin gníomhaíochtaí ardcháilíochta a áirithiú trí shocruithe riaracháin a éascú agus a ullmhú, an t-iontaobhas agus an tuiscint a chothú agus comhpháirtíocht láidir a chur ar bun idir na heagraíochtaí agus na daoine atá páirteach.

Is féidir le heagraíochtaí cuairt ullmhúcháin chuig a gcomhpháirtí óstach a chur ar bun sula dtugtar faoin tsoghluasteacht. Ní gníomhaíocht aonair iad cuairteanna ullmhúcháin, ach socrú tacaíochta le haghaidh soghluaisteacht ball foirne. Ní mór réasúnaíocht shoiléir a bheith mar bhonn le gach cuairt ullmhúcháin agus ní mór feabhas a chur ar raon feidhme agus cáilíocht gníomhaíochtaí soghluaisteachta leo sin. Mar shampla, is féidir cuairteanna ullmhúcháin a eagrú chun tosú ar oibriú le heagraíocht chomhpháirtíochta nua, nó chun gníomhaíochtaí soghluaisteachta níos faide a ullmhú. Is féidir cuairteanna ullmhúcháin a eagrú don dá chineál soghluaisteachta ball foirne.

Critéir Incháilitheachta

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Is féidir le heagraíocht rannpháirteach a bheith: - Eagraíocht phoiblí nó phríobháideach atá gníomhach i réimse an spóirt agus na gníomhaíochta fisicí agus a eagraíonn spórt agus gníomhaíochtaí fisiceacha ar leibhéal an ghnáthphobail (mar shampla, eagraíocht neamhbhrabúis, údaráis poiblí áitiúil, club spóirt) - Eagraíocht spóirt nach bhfuil pobalbhunaithe má bhaineann spóirt an phobail tairbhe as rannpháirtíocht a ball foirne (mar shampla, eagraíocht idirnáisiúnta)
Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'eagraíochtaí is iarratasóir a bheith bunaithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Cuirtear iarratais faoi bhráid na Gníomhaireachta Náisiúnta sa tír ina bhfuil an eagraíocht is iarratasóir bunaithe.
Cathain is féidir iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí a n- iarratas ar dheontas a chur isteach faoi na dátaí seo a leanas: An 23 Feabhra ar 12:00:00 (meán lae am na Buiséile) Babhta breise féideartha: Féadfaidh Gníomhaireachtaí Náisiúnta cinneadh a dhéanamh babhta breise a oscailt. Cuirfidh Gníomhaireachtaí Náisiúnta na hiarratasóirí ar an eolas faoi oscailt an bhabhta bhreise trína suíomhanna gréasáin. Má eagraítear babhta breise, ní mór d'iarratasóirí a n- iarratais a chur isteach faoin 4 Deireadh Fómhair ar 12:00:00 (meán lae am na Buiséile).
Dátaí tosaigh le haghaidh tionscadal	Tosóidh tionscadail idir an 1 Meitheamh agus an 31 Nollaig sa bhliain chéanna Má osclaítear babhta roghnach, tosóidh tionscadail idir an 1 Eanáir agus an 31 Bealtaine an bhliain ina dhiaidh sin

Iarratas a dhéanamh	Féach cuid C den Treoir seo le haghaidh sonraí faoi conas iarratas a dhéanamh.
Fad an tionscadail	Ó 3 mhí go 18 mhí

Fad na ngníomhaíochtaí	Scáthfhoghlaím agus tréimhsí breathnóireachta: 2-14 lá as a chéile (gan laethanta taistil san áireamh) Tascanna cóitseála agus traenála: 15-60 lá as a chéile (gan laethanta taistil san áireamh)
Rannpháirtithe incháilithe	○ Cóitseálaithe agus baill foirne spóirt eile in eagraíochtaí spóirt ar leibhéal an phobail ○ Baill foirne i spóirt nach spóirt an phobail iad, iad siúd atá bainteach le déghairmeacha agus gairmeacha nach mbaineann leis an spórt san áireamh, i gcás inar féidir le spórt an phobail tairbhe a bhaint as rannpháirtíocht baill foirne den sórt sin. ○ Oibrithe deonacha (seachas cóitseálaithe) in eagraíochtaí spóirt. Ní mór do rannpháirtithe a bheith ag obair san eagraíocht seolta, nó ní mór dóibh a bheith ag obair go tráthrialta leis an eagraíocht seolta chun cuidiú le cur chun feidhme phríomhghníomhaíochtaí na heagraíochta. Ní mór do rannpháirtithe a bheith ina gcónaitheoirí i dtír a n-eagraíochta seolta. I ngach cás, ní mór na cúraimí lena nasctar an rannpháirtí leis an eagraíocht seolta a dhoiciméadú ar bhealach lenar féidir leis an nGníomhaireacht Náisiúnta an nasc sin a fhíorú (mar shampla le conradh oibre nó oibre deonaí, tuairisc ar an gcúram, nó doiciméad comhchosúil). Níl cead ag rannpháirtithe a bheith páirteach i ngníomhaíocht soghluaisteachta mar lúthchleasaithe.
An líon rannpháirtithe	Deichniúr rannpháirtithe in aghaidh an tionscadail ar a mhéad
Ionad na ngníomhaíochtaí	Ní mór gníomhaíochtaí a reáchtáil ar an gcoigríoch, i mBallstát de chuid an Aontais nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár.

Critéir Incháilitheachta bhreise maidir le Cuairteanna Ullmhúcháin

Ionad nó ionaid na gníomhaíochta	Reáchtáiltear cuairteanna ullmhúcháin i dtír na heagraíochta óstaí roimh thús na gníomhaíochta.
Rannpháirtithe incháilithe	Ionadaithe ó na heagraíochtaí rannpháirteacha a ghlacann páirt sa phríomhghníomhaíocht. Is féidir le baill foirne a bhfuil baint dhíreach acu le tionscadal a eagrú nó baill foirne atá rannpháirteach i soghluaisteacht cuairt ullmhúcháin a dhéanamh.

CRITÉIR DHÁMHACHTANA

Déanfar measúnú ar na hiarratais a chuirtear isteach trí phointí as 100 ar an iomlán a shannadh, bunaithe ar na critéir agus ar na hualuithe thíos. Le bheith curtha san áireamh le haghaidh dámhachtana, ní mór na tairseacha seo a leanas a bhaint amach leis na hiarratais:

- Ar a laghad 60 pointe as 100 pointe ar an iomlán, agus
- Ar a laghad leath na bpointí uasta i ngach ceann de na trí chatagóir le haghaidh critéir dhámhachtana

Ábharthacht agus tionchar (scór uasta 30 pointe)	A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh: • Tá próifíl, taithí agus gníomhaíochtaí an iarratasóra ábhartha don spórt de chuid an phobail; • Tá togra an tionscadail ábhartha i leith na nithe a leanas: • cuspóirí na gníomhaíochta • riachtanais agus forbairt na n-eagraíochtaí rannpháirteacha • riachtanais agus forbairt na mball foirne rannpháirteach • A mhéid atá an togra oiriúnach chun an méid seo a leanas a dhéanamh: • torthaí foghlama ardcháilíochta a sholáthar do bhaill foirne rannpháirteacha; • cleachtais oibre na heagraíochta rannpháirtí a threisiú nó a athrú go mór, agus a cáilíocht, a hinniúlachtaí agus a nuálaíocht a mhéadú • tionchar féideartha a imirt ar eagraíochtaí rannpháirteacha agus ar bhaill foirne le linn shaolré an tionscadail agus ina dhiaidh sin • A mhéid a shainíonn an tionscadal torthaí foghlama nithiúla • A mhéid atá an togra oiriúnach chun rannchuidiú leis na héirimí cuimsithe agus éagsúlachta, glasa, digiteacha agus rannpháirteacha den chlár; • A mhéid a thugann an tionscadal nuatheachtaithe agus eagraíochtaí ag a bhfuil níos lú taithí isteach sa ghníomhaíocht.
--	---

Cáilíocht dhearadh agus chur chun feidhme an tionscadail (scór uasta 40 pointe)	A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh: • I gcuspóirí an tionscadail atá beartaithe tugtar aghaidh ar riachtanais na heagraíochta is iarratasóir, ar riachtanais a ball foirne agus déantar amhlaidh ar bhealach atá soiléir agus coincreíteach • Cáilíocht na socruithe praiticiúla agus na módúlachtaí bainistíochta agus tacaíochta; • Sa tionscadal ionchorpraítear cleachtais atá inbhuanaithe agus freagrach ó thaobh an chomhshaoil de • Sa tionscadal ionchorpraítear úsáid uirlisí agus modhanna foghlama digiteacha chun na gníomhaíochtaí soghluaisteacha fisicí a chomhlánú, agus chun feabhas a chur ar an gcomhar le heagraíochtaí comhpháirtíochta • A mhéid atá na gníomhaíochtaí deartha ar bhealach inrochtana agus cuimsitheach agus atá siad oscailte do rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu • Ionadaíocht chothromaithe rannpháirtithe ó thaobh inscne de; • I gcás ball foirne ó eagraíochtaí nach bhfuil pobalbhunaithe, míniú soiléir ar an mbealach a mbainfidh spórt an phobail tairbhe as rannpháirtíocht na mball foirne sin
Cáilíochtaí na ngníomhaíochtaí leantacha (scór uasta 30 pointe)	A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh: • tá bearta nithiúla agus loighciúla molta ag an iarratasóir chun torthaí na ngníomhaíochtaí soghluaisteacha a lánpháirtiú in obair thráthrialta na heagraíochta • tá bearta nithiúla agus éifeachtacha molta ag an iarratasóir chun torthaí an tionscadail a chur in iúl laistigh den eagraíocht is iarratasóir, chun na torthaí a chomhroinnt le heagraíochtaí eile agus leis an bpobal, agus chun aitheantas a thabhairt go poiblí do mhaoiniú an Aontais Eorpaigh

Catagóir bhuiséid	Costais incháilithe agus rialacha is infheidhme	Méid		
Tacaíocht Eagraíochtúil	Costais atá nasctha go díreach le cur chun feidhme gníomhaíochtaí soghluaisteachta nach gcumhdaítear le catagóirí eile costais.	EUR 350 in aghaidh an rannpháirtí		
	Mar shampla, rannpháirtithe a ullmhú, meantóireacht agus monatóireacht a dhéanamh orthu agus tacaíocht a thabhairt dóibh le linn na soghluaisteachta, chomh maith leis na seirbhísí, na huirlisí agus an trealamh is gá le haghaidh comhchodanna fóirúla i ngníomhaíochtaí cumaisc, torthaí a chomhroinnt agus maoiniú an Aontais Eorpaigh a chur in iúl don phobal. Le tacaíocht eagraíochtúil cumhdaítear na costais a thabhaíonn an eagraíocht seolta agus an ósteagraíocht araon. Tíocfaidh an dá eagraíocht ar chomhaontú maidir leis an deontas a fuarthas a roinnt. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an líon rannpháirtithe, cé is moite de dhaoine tionlacain.			
Taisteal	Ranníocaíocht le costais taistil na rannpháirtithe, lena n-áirítear daoine tionlacain, óna n-áit bhunaidh chuig an ionad gníomhaíochta agus ar ais. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an achar taistil agus ar an líon daoine. Ní mór don iarratasóir an t-achar idir an áit bhunaidh agus ionad na gníomhaíochta a léiriú¹³⁷ tríd an áireamhán taistil lena dtacaíonn an Coimisiún Eorpach a úsáid¹³⁸.	Achar taistil	Taisteal caighdeánach	Taisteal glas
		0 – 99 km	EUR 23	
		100 – 499 km	EUR 180	EUR 210
		500 – 1 999 km	EUR 275	EUR 320
		2 000 – 2 999 km	EUR 360	EUR 410
		3 000 – 3 999 km	EUR 530	EUR 610
		4000 – 7999 km	EUR 820	
		8 000 km nó níos mo	EUR 1500	

¹³⁷ **MAR** SHAMPLA, MÁ BHÍÓNN DUINE Ó MHAIDRID (NA SPÁINNE) AG GLACADH PÁIRT I NGNÍOMHAÍOCHT ATÁ Á REÁCHTÁIL SA RÓIMH (AN IODÁIL), DÉANFAIDH AN T-IARRATASÓIR AN T-ACHAR Ó MHAIDRID GO DTÍ AN RÓIMH A RÍOMH (1 365.28 KM) AGUS ANSIN ROGHNÓIDH AN T-IARRATASÓIR AN BANDA ACHAIR TAISTIL IS INFHEIDHME (IS É SIN, IDIR 500 AGUS 1 999 KM).

¹³⁸ https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/resources/distance-calculator_ga

Tacaíocht Aonair	Costais chothaithe le haghaidh rannpháirtithe agus daoine tionlacain le linn na gníomhaíochta. Más gá: tá costais chothaithe incháilithe le haghaidh am taistil roimh an ngníomhaíocht agus ina diaidh, le 2 lá taistil ar a mhéad le haghaidh rannpháirtithe agus daoine tionlacain a fhaigheann deontas taistil chaighdeánaigh, agus 6 lá taistil ar a mhéad le haghaidh rannpháirtithe i gcás deontais taistil ghlais. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an líon daoine, ar fhad an fhanachta agus ar an tír óstach¹³⁹	Grúpa tíortha 1: EUR 101 - 180 Grúpa tíortha 2: EUR 90 - 160 Grúpa tíortha 3: EUR 79 - 140 Is bonnrátaí iad na rátaí thuas in aghaidh an lae gníomhaíochta. Déanfaidh gach gníomhaireacht náisiúnta cinneadh i dtaobh na mbonnrátaí beachta laistigh de na raonta a cheadaítear. Íoctar an bonnráta suas leis an 14ú lá den ghníomhaíocht. Ón 15ú lá gníomhaíochta, beidh an ráta is iníoctha cothrom le 70 % den bhonnráta. Slánófar na rátaí iníoctha go dtí an euro iomlán is gaire.
Tacaíocht chuimsiúcháin	Tacaíocht chuimsiúcháin d’eagraíochtaí: Costais a bhaineann le gníomhaíochtaí soghluaisteacha a eagrú do rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an líon rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu, cé is moite de dhaoine tionlacain.	EUR 100 in aghaidh an rannpháirtí
	Tacaíocht chuimsiúcháin le haghaidh rannpháirtithe: Costais bhreise atá nasctha go díreach le rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu agus leis na daoine atá á dtionlacan (lena n-áirítear costais taistil agus chothaithe a bhfuil údar leo mura n-iarrtar deontas le haghaidh na rannpháirtithe sin trí na catagóirí buiséid ar a dtugtar ‘Taisteal’ agus ‘Tacaíocht aonair’). Sásra maoiniúcháin: fíorchostais. Riail maidir le leithdháileadh: ní mór don iarratasóir údar a thabhairt leis an iarraidh agus ní mór don Ghníomhaireacht Náisiúnta í a fhormheas.	100 % de chostais incháilithe

¹³⁹ grúpa tíortha 1: an Danmhairg, Éire, an Fhionlainn, an Iorua, an Íoslainn, Lichtinstéin, Lucsamburg, an tSualainn; grúpa tíortha 2: an Bheilg, an Chipir, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, Málta, an Ostair, an Phortaingéil, an Spáinn; grúpa tíortha 3: An Bhulgáir, an Chróit, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, an Mhacadóin Thuaidh, Poblacht na Seice, an Pholainn, an Rómáin, an tSeirbia, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Tuirc, an Ungáir

Tacaíocht le haghaidh cuairt ullmhúcháin	Costais atá nasctha le cur chun feidhme na cuairte ullmhúcháin lena n-áirítear costais taistil agus chothaithe. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar fhad na gníomhaíochta	EUR 575 in aghaidh an rannpháirtí, agus beirt rannpháirtithe ar a mhéad in aghaidh na cuairte ullmhúcháin.
Tacaíocht teanga	Costais a bhaineann le hábhair foghlama teanga agus oiliúint a chur ar fáil do rannpháirtithe ar gá dóibh feabhas a chur ar an eolas atá acu ar an teanga a úsáidfí siad chun tabhairt faoin gcóitseáil nó faoin traenáil le linn a ngníomhaíochta. Tá tacaíocht teanga incháilithe le haghaidh rannpháirtithe i soghluasteacht foirne atá níos faide ná 30 lá. Níl tacaíocht iníoctha ach amháin mura bhfuair an rannpháirtí Tacaíocht Teanga ar Líne mar gheall nach bhfuil an teanga nó an leibhéal a éilítear ar fáil. Sásra maoiniúcháin: ranníocaíocht le costais aonaid. Riail maidir le leithdháileadh: bunaithe ar an líon rannpháirtithe.	EUR 150 in aghaidh an rannpháirtí
Costais eisceachtúla	Costais chun ráthaíocht airgeadais a thabhairt, má iarrann an Ghníomhaireacht Náisiúnta sin. Costais taistil chostasaigh na rannpháirtithe agus na ndaoine atá á dtionlacan nach féidir tacú leo leis an deontas ‘Taisteal’ caighdeánach de dheasca iargúlacht gheografach nó bacainní eile. Víosa agus costais a bhaineann le víosa, ceadanna cónaithe, vacsaínithe agus deimhnithe leighis. Sásra maoiniúcháin: fíorchostais. Riail maidir le leithdháileadh: ní mór don iarratasóir údar a thabhairt leis an iarraidh agus ní mór don Ghníomhaireacht Náisiúnta í a fhormheas. Tá feidhm ag taisteal costasach i gcásanna nach gcumhdaíonn an tacaíocht taistil bunaithe ar chostas aonaid 70 % de chostais taistil na rannpháirtithe.	Ráthaíocht airgeadais: 80 % de chostais incháilithe Costais taistil chostasaigh: 80 % de chostais incháilithe Víosa agus costais a bhaineann le víosa, ceadanna cónaithe, vacsaínithe agus deimhnithe leighis: 100 % de chostais incháilithe

MALARTUITHE FÍORÚLA SAN ARDOIDEACHAS AGUS SAN ÓIGE

Cuimsítear faoi thionscadail malartuithe fíorúla gníomhaíochtaí ar líne duine le duine a chuireann forbairt idirphlé cultúrtha agus scileanna boga chun cinn. Leis na gníomhaíochtaí sin, fágтар go mbíonn gach duine óg in ann rochtain a fháil ar oideachas ardchaighdeán idirnáisiúnta agus traschultúrtha (foirmiúil agus seachfoirmiúil) gan soghluaisteacht fhisiceach. Cé nach ionadaí iomlán í an díospóireacht nó an oiliúint fhíorúil do thairbhí na soghluaisteachta fisicí, ba cheart do rannpháirtithe i malartuithe fíorúla leas a bhaint as cuid de na tairbhí a bhaineann le heispéiris oideachais idirnáisiúnta. Is uirlis luachmhar iad ardáin dhigiteacha maidir le dul i ngleic, go pointe áirithe, leis na srianta domhanda ar shoghluaisteacht de bharr phaindéim COVID- 19. Cabhraíonn malartuithe fíorúla le luachanna Eorpacha a scaipeadh. Thairis sin, i gcásanna áirithe, is féidir leo malartuithe fisiceacha a ullmhú, a dhoimhniú agus a leathnú, chomh maith le héileamh nua orthu a spreagadh.

Déantar na malartuithe fíorúla i ngrúpaí beaga agus déanann éascaitheoir a bhfuil oiliúint air modhnóireacht orthu i gcónaí. Ba cheart iad a shní isteach go héasca i dtionscadail don óige (oideachas seachfoirmiúil) nó i gcúrsaí ardoideachais. Is féidir le malartuithe fíorúla rannpháirtithe a mhealladh ón dá earnáil, fiú dá mbeadh rannpháirtithe ó cheann amháin acu, nó an dá cheann, páirteach, ag brath ar na tionscadail shonracha. I gcás gach tionscadail faoin nglaio seo, beidh eagraíochtaí agus rannpháirtithe ó Bhallstáit den Aontas agus ó thíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár, agus tíortha i réigiúin ábhartha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár páirteach.

CUSPÓIRÍ NA GNÍOMHAÍOCHTA

Beidh sé d'aidhm ag an ngníomhaíocht:

- Idirphlé idirchultúrtha le tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a spreagadh agus caoinfhulaingt a mhéadú trí chaidrimh duine le duine ar líne, ag forbairt teicneolaíochtaí digiteacha a oireann don óige;
- Cineálacha éagsúla malartuithe fíorúla a chur chun cinn mar aon le soghluaisteacht fhisiceach Erasmus+, rud a chuireann ar an gcumas do níos mó daoine óga tairbhe a bhaint as taithí idirchultúrtha idirnáisiúnta;
- Smaointeoireacht chriticiúil agus litearthacht sna meáin a fheabhsú, go háirithe maidir le húsáid an idirlín agus na meán sóisialta, ar nós chun leithcheal, síolteagasc, deighiltí agus radacú foréigineach a chomhrac;
- Forbairt scileanna digiteacha agus boga¹⁴⁰ mac léinn, daoine óga agus oibrithe óige¹⁴¹ a chothú, scileanna maidir le cleachtas teangacha iasachta agus obair foirne san áireamh, chun infhostaitheacht a fheabhsú go háirithe;
- Saoránacht agus luachanna coiteanna na saoirse, na caoinfhulaingthe agus an neamh- idirdhealaithe a chur chun cinn tríd an oideachas;
- Gné na hóige i gcaidrimh idir an tAontas agus tíortha nach bhfuil san Aontas a neartú.

¹⁴⁰ Áirítear le scileanna boga an cumas smaoineamh go criticiúil, a bheith fiosrach agus cruthaitheach, seasamh chun tosaigh, fadhbanna a réiteach agus oibriú i gcomhar, a bheith in ann cumarsáid a dhéanamh go héifeachtúil i dtimpeallacht ilchultúrtha idirdhisciplíneach, a bheith in ann oiriúnú don chomhthéacs agus déileáil le strus agus le héiginnteacht. Tá na scileanna sin mar chuid de na príomhinníúlachtaí, mar a leagtar amach sa Mholadh ón gComhairle dar teideal Príomhinníúlachtaí don Fhoghlaim ar feadh an tSaoil (*Key Competences for Lifelong Learning*) (IO C 189/1 de 4.6.2018).

¹⁴¹ Is gairmithe nó oibrithe deonacha iad oibrithe óige atá páirteach san fhoghlaim sheachfoirmiúil agus a thacaíonn le daoine óga lena bhforbairt shochoideachasúil agus ghairmiúil phearsanta.

RÉIMSÍ TÉAMACHA / CUSPÓIRÍ SONRACHA

Is tionscnamh ón mbun aníos iad Malartuithe Fíorúla Erasmus+. Sa ghlaio seo, is féidir leis na heagraíochtaí rannpháirteacha na topaicí ar a ndíreoidh siad a roghnú, ach ní mór go léireofaí sna tograí an tionchar measta maidir le ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí thuasluaite (féach freisin an roinn ‘Tionchar measta’ thíos). Ba cheart gnéithe inscne a chur san áireamh de réir mar is gá, ag brath ar raon feidhme agus téamaí an tionscadail (mar shampla, gnéithe íogaireachta inscne a thabhairt isteach san oiliúint). Ní mór aird faoi leith a thabhairt ar chuimsiú daoine atá leochaileach ó thaobh cúrsaí sóisialta agus an gheilleagair de agus daoine nach féidir iarratas a dhéanamh ar shoghluasteacht fhisiceach. Toisc go bhfuil sé níos éasca malartuithe fíorúla a eagrú le mic léinn agus ollscoileanna, moltar d’iarratasóirí plé le daoine óga agus eagraíochtaí nach bhfuil cláraithe in ardoideachas.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Maoineofar tionscadail bunaithe ar phleananna oibre a fhéadfaidh réimse leathan gníomhaíochtaí comhair ar líne a chomhtháthú, mar shampla:

- Plé a éascaítear ar líne idir daoine óga ó eagraíochtaí óige atá lonnaithe i dtíortha éagsúla, mar chuid de thionscadail óige. Féadfar ionsamhlúcháin rólghlactha a bheith san áireamh leis sin;
- Oiliúint d’oibrithe óige atá toilteanach tionscadal malartaithe fhíorúil a fhorbairt le comhghleacaithe ó thíortha eile;
- Plé a éascaítear ar líne idir mic léinn institiúidí ardoideachais atá lonnaithe i dtíortha éagsúla, mar chuid de chéimeanna ardoideachais;
- Oiliúint d’ollúna/do bhaill foirne ollscoile atá toilteanach tionscadal malartaithe fhíorúil a fhorbairt le comhghleacaithe ó thíortha eile; Cúrsaí oscailte idirghníomhacha ar líne, chomh maith le hábhair chúrsa thraidisiúnta ar nós léachtaí taifeadta, léamh agus tacaí fadhbanna (ar nós MOOCanna, Ollchúrsaí Oscailte ar Líne, ach an bhéim ar fhórait úsáideoirí idirghníomhacha i ngrúpaí beaga chun tacú le hidirghníomhú pobail i measc mic léinn, ollúna, cúntóirí teagaisc, daoine óga agus oibrithe óige).

TIONSCADAL A BHUNÚ

Ní mór do na nithe a leanas a bheith fíor i gcás na dtionscadal malartaithe fhíorúil uile:

- Arna modhnú ag éascaitheoirí a bhfuil oiliúint orthu;
- Slán agus cosantach ó thaobh na rannpháirtithe agus na n-óstach de, agus rialacha cosanta sonraí an Aontais á gcomhlíonadh ina n-iomláine¹⁴²;
- Iontaofa ó thaobh polaitíochta de agus ábhartha ó thaobh cultúir de: ní mór do ghníomhaíochtaí malartaithe fhíorúil a bheith leabaithe go docht in earnáil na hóige agus earnáil an ardoideachais agus ní mór dóibh a bheith cothrom le dáta le nósanna na ndaoine óga ar líne agus as líne sna tíortha rannpháirteacha;
- Oscailte agus inrochtana ar leibhéal an eispéiris agus na hidirghníomhachta úsáideora. Ba cheart don chlárú agus don idirghníomhaíocht le piaraí, éascaitheoirí, riarthóirí agus geallsealbhóirí eile a bheith simplí agus éasca;
- Sioncronach den chuid is mó, ach codanna aisioncronach freisin b’fhéidir (mar shampla, léamha, físeáin); agus

¹⁴² https://ec.europa.eu/info/law/law-topic/data-protection/eu-data-protection-rules_en.

- ar deireadh, ní mór dóibh modh aitheanta rannpháirtíochta agus foghlama do dhaoine óga ag deireadh an mhalartaithe a thuar.

Ní mór d'eagraíochtaí rannpháirteacha malartuithe fíorúla a eagrú do dhaoine idir 13 agus 30 bliain d'aois. Má bhíonn baint ag daoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois le tionscadal, éilítear ar eagraíochtaí rannpháirteacha údarú le haghaidh rannpháirtíochta a fháil roimh ré óna dtuismitheoirí nó uathu sin atá ag gníomhú thar a gceann. Ní mór do rannpháirtithe aonair a bheith lonnaithe i dtíortha na n-eagraíochtaí atá rannpháirteach sa tionscadal.

Chun a gcuid gníomhaíochtaí a dhéanamh, ba cheart do thionscadail a bheith ag brath, a mhéid is féidir, ar uirlisí agus ardáin atá ann cheana.

CÉ NA CRITÉIR ATÁ LE COMHLÍONADH CHUN IARRATAS A DHÉANAMH AR MHALARTUITHE FÍORÚLA I DTIONSCADAIL SAN ARDOIDEACHAS AGUS SAN ÓIGE?

CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Ní mór do thograí tionscadail maidir le Malartuithe fíorúla san Ardoideachas agus san Óige na critéir seo a leanas a chomhlíonadh le bheith incháilithe le haghaidh dheontas Erasmus+:

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Féadfaidh na heagraíochtaí seo a leanas a bheith rannpháirteach mar chomhordaitheoir: - Eagraíochtaí poiblí nó príobháideacha atá gníomhach i réimse an ardoideachais nó na hóige (oideachas seachfhoirmiúil); - Institiúidí ardoideachais, comhlachais nó eagraíochtaí institiúidí ardoideachais, chomh maith le heagraíochtaí reachtairí, múinteoirí nó mac léinn a aithnítear go dlíthiúil go náisiúnta nó go hidirnáisiúnta; Is í an eagraíocht a dhéanann iarratas thar ceann na n-eagraíochtaí rannpháirteacha uile atá páirteach sa tionscadal agus ní mór di a bheith bunaithe go dlíthiúil agus lonnaithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár.
--	--

Cé na cineálacha eagraíochtaí atá incháilithe le bheith rannpháirteach sa tionscadal?	Féadfar eagraíochtaí rannpháirteacha a bhunú i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár agus atá incháilithe. Féadfaidh eagraíochtaí agus rannpháirtithe ó <u>cheann amháin</u> de na réigiúin incháilithe de thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a bheith bainteach le togra an tionscadail. Is iad Réigiúin 1, 2, 3 agus 9 na réigiúin incháilithe atá cumhdaithe faoin ngníomhaíocht seo (féach an roinn ‘Tíortha incháilithe’ i gCuid A den Treoir seo). Féadfaidh eagraíochtaí rannpháirteacha teacht faoi cheann de na catagóirí seo a leanas: - Eagraíochtaí óige¹⁴³; - Institiúidí ardoideachais, comhlachais nó eagraíochtaí institiúidí ardoideachais, chomh maith le heagraíochtaí reachtairí, múinteoirí nó mac léinn a aithnítear go dlíthiúil go náisiúnta nó go hidirnáisiúnta; - Éascaitheoirí athruithe sa chóras oideachais (bainisteoirí ollscoileanna, ranna idirnáisiúnta, déin, gníomhaireachtaí cáilíochta, srl.); eagraíochtaí poiblí nó príobháideacha atá gníomhach i réimse an ardoideachais agus réimse na hóige agus atá bunaithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár nó i gceann de na tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár agus atá incháilithe. Féadfaidh eintitis eile a bheith páirteach i ról chuibhreannais eile, amhail, comhpháirtithe comhlachaithe, fochonraitheoirí, tríú páirtithe a thugann ranníocaíochtaí comhchineáil, srl. Níl eintitis chleamhnaithe incháilithe do mhaoiniú.
Líon agus próifíl na n-eagraíochtaí rannpháirteacha	Ní mór ceithre eagraíocht ar a laghad a bheith i gcuibhreannas a chuireann togra isteach. Ní mór do na cuibhreannais na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh: - Ar a laghad dhá institiúid ardoideachais nó eagraíocht óige ó dhá cheann de Bhallstáit den Aontas agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár agus ar a laghad dhá institiúid ardoideachais nó eagraíocht óige ó dhá thír incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár atá sa réigiún incháilithe céanna; agus - Ní fhéadfaidh líon na n-eagraíochtaí ó Bhallstáit den Aontas agus ó thíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár a bheith níos airde ná líon na n-eagraíochtaí ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. - I gcás na hAfraice fo-Shaharáí, moltar d’iarratasóirí rannpháirtithe ó réimse leathan tíortha a chur san áireamh ina dtograí, cur i gcás, na tíortha is lú forbairt¹⁴⁴ agus/nó comhpháirtithe nach bhfuil an oiread taithí ar Erasmus+ acu. Ní chuirtear eintitis chleamhnaithe san áireamh sna critéir íosta incháilitheachta le haghaidh chomhdhéanamh an chuibhreannais.

¹⁴³ Is é sin, aon eagraíocht phoiblí nó phríobháideach atá ag obair le daoine óga nó lena n-aghaidh lasmuigh de shuíomhanna foirmiúla. Mar shampla, is féidir le heagraíochtaí den sórt sin a bheith: ina n-eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, ina gcomhlachas, ina n-eagraíochtaí neamhrialtasacha (lena n-áirítear eagraíocht neamhrialtasach Eorpach don óige); ina gComhairle óige náisiúnta; ina n-údarás poiblí ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta; ina n-institiúid oideachais nó taighde; nó ina bhfondúireacht.

¹⁴⁴ De réir liosta Choiste Cúnaimh Forbartha ECFE de na tíortha is lú forbairt: [DAC-List-of-ODA-Recipients-for-reporting-2022-23-flows.pdf \(oecd.org\)](https://www.oecd.org/dac/data-collections-and-comparative-overviews/2022-23-flows.pdf).

Ionad na ngníomhaíochtaí	Ní mór na gníomhaíochtaí a reáchtáil i dtíortha na n-eagraíochtaí rannpháirteacha.
Fad an tionscadail	Ba cheart tréimhse 36 mhí a bheith i gceist leis na tionscadail de ghnáth (is féidir síneadh a chur leis an tréimhse sin, le leasú, má tá údar cuí leis).
Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh?	Faoi bhráid na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr (EACEA). Uimhir aitheantais an Ghlaio: ERASMUS-EDU-2023-VIRT-EXCH
Cathain is féidir iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí a n-iarratas ar dheontas a chur isteach faoin 26 Aibreán ar 17:00:00 (am na Bruiséile).

Déanfar measúnú ar eagraíochtaí is iarratasóirí de réir na gcritéir eisiaimh agus roghnúcháin ábhartha. Chun breis faisnéise a fháil féach Cuid C den Treoir seo.

TIONCHAR MEASTA

Díreoidh gníomhaíochtaí agus aschuir na dtionscadal éagsúil ar thionchar dearfach a bhaint amach i ndáil le cuspóirí an ghlaio, ar cheart dóibh a bheith nasctha go dlúth le gné foghlama na malartuithe fíorúla, fad a bheidh siad éagsúil i gcomhréir le sonraíochtaí na dtionscadal. Ba cheart faisnéis maidir leis an tionchar measta seo a bheith i dtogra gach tionscadail. Moltar d'iarratasóirí aiseolas ó dhaoine agus eagraíochtaí rannpháirteacha a thuairiscí, go háirithe maidir leis an luach foghlama, nuair a thuairiscítear tionchar na dtionscadal.

CRITÉIR DHÁMHACHTANA

Ábharthacht an tionscadail (scór uasta 30 pointe)	- Tá an togra ábhartha do chuspóirí ginearálta agus sonracha an ghlaio. Tagann togra an tionscadail le riachtanais an ghlaio. Mínítear an togra go soiléir. - Comhsheasmhacht: Tá codanna éagsúla an iarratais comhleanúnach agus comhsheasmhach. Tá an t-iarratas bunaithe ar anailís leordhóthanach ar dhúshlán agus riachtanais; tá na cuspóirí réalaióch, agus tugtar aghaidh leo ar shaincheisteanna atá ábhartha maidir leis na heagraíochtaí rannpháirteacha agus leis na spriocghrúpaí díreacha agus indíreacha. Cuirtear fianaise maidir le héifeachtacht chur chuige an mhalartaithe fhíorúil mholta ar fáil. - Uas-scálú: Léirítear san iarratas an fhéidearthacht maidir le huas-scálú a chleachta(i)s ar leibhéil éagsúla (mar shampla, leibhéal áitiúil, leibhéal réigiúnach, leibhéal náisiúnta, leibhéal an Aontais) agus an inaistritheacht go hearnálacha éagsúla. Is dócha go nginfidh an t-uas-scálú tionchar, ní hamháin ar leibhéal na n-eagraíochtaí comhpháirtíochta éagsúla, ach ar leibhéal an chórais agus/nó an leibhéal beartas. D'fhéadfadh an togra iontaoibh fhrithpháirteach a fhorbairt agus comhar trasteorann a fheabhsú. - Breisluach Eorpach: Cruthaíonn an t-iarratas breisluach ar leibhéal an Aontais, trí thorthaí nach mbainfí amach ar leibhéal na tíre amháin, agus d'fhéadfaí torthaí a aistriú go tíortha nach bhfuil bainteach leis an tionscadal freisin. D'fhéadfadh torthaí an tionscadail cur le clár oibre beartas ábhartha de chuid an Aontais.
--	--

Cáilíocht dhearadh agus chur chun feidhme an tionscadail (scór uasta 20 pointe)	• Plean straitéiseach: Leagtar straitéis shoiléir síos san iarratas, ceann a fhorbraíonn anailís indéantachta agus a shainaithníonn gníomhaíochtaí a bhfuil gá le haghaidh thástáil, oiriúnú, agus/nó uas- scálú an chleachtais/na gcleachtas malartaithe fhíorúil i gcomhthéacs nua na comhpháirtíochta tionscadail. ▪ Riachtanais: Sainaithníodh riachtanais éagsúla na gcomhpháirtithe éagsúla agus cuireadh san áireamh iad. Forbraíodh coincheap soiléir maidir leis an mbealach a mbainistíofar na riachtanais éagsúla sin. Tagann an cur chuige/na cuir chuige oideolaíochta a roghnaíodh leis na riachtanais éagsúla sin freisin. ▪ Struchtúr: Tá an clár oibre soiléir agus intuigthe, agus cumhdaítear leis gach céim den tionscadal. Tá táscairí gnóthachain agus modhanna fíoraithe sainithe go soiléir le haghaidh gach toraidh. ▪ Bainistíocht: Tá plean bainistíochta an tionscadail láidir agus tá acmhainní leordhóthanacha sannta do na cúraimí éagsúla. Tá próisis éifeachtacha um chomhar agus cinnteoireacht curtha i bhfeidhm, cinn ar féidir le gach geallsealbhóir iad a thuiscint. Léirítear cost- éifeachtacht agus an luach is fearr ar airgead sa bhuiséad. Tá comhleanúnachas ann idir cúraimí, ról agus acmhainní airgeadais a leithdháiltear ar chomhpháirtithe. Tá na socruithe bainistíochta airgeadais soiléir agus iomchuí. ▪ Meastóireacht: Cinntítear le bearta sonracha le haghaidh próisis monatóireachta agus táirgí insoláthartha (is é sin, táscairí maidir le gnóthachan agus modhanna fíoraithe) go bhfuil ardcháilíocht ag baint le cur chun feidhme an tionscadail. Déantar meastóireacht ar thorthaí foghlama agus aithnítear iad. Tá plean dearbhaithe cáilíochta soiléir ann a chumhdaíonn bainistíocht an tionscadail go leordhóthanach freisin. Cuimsítear faoin straitéis monatóireachta sainaithint riosca agus plean gníomhaíochta maolaitheach. Tá na gnéithe mionsonraithe agus san áireamh sa chreat loighiciúil (teimpléad éigeantach den Ghlaio).
Cáilíocht na comhpháirtíochta agus na socruithe comhair (scór uasta 20 pointe)	▪ Cumraíocht: Is féidir leis an gcomhpháirtíocht a chinntiú go mbaintear amach cuspóirí uile an tionscadail. Tá na scileanna, an saineolas agus an taithí uile is gá sna réimsí a chumhdaítear faoin tionscadal ag an gcuibhreannas. Cinntítear sannadh leordhóthanach ama agus ionchuir i measc na gcomhpháirtithe. Tá scileanna agus inniúlachtaí na comhpháirtíochta comhlántach. ▪ Gealltanais: Léiríonn gach eagraíocht rannpháirteach rannpháirteachas iomlán a thagann lena hinniúlachtaí agus lena réimse shonrach saineolais. ▪ Comhar: Tá na socruithe comhair cothrom. Beartaítear sásraí éifeachtacha chun comhordú, cinnteoireacht agus cumarsáid a chinntiú idir na heagraíochtaí rannpháirteacha, na geallsealbhóirí agus aon pháirtí ábhartha eile.

Tionchar (scór uasta 30 pointe)	▪ Scaipeadh: Cinntítear le straitéis shoiléir um ardú feasachta, scaipeadh agus cumarsáid, go sroichtear na spriocghrúpaí ábhartha, chomh maith leis na geallsealbhóirí ginearálta agus an pobal le linn shaolré an tionscadail. Sa straitéis sin tá pleananna chun aon ábhar a tháirgtear a chur ar fáil trí cheadúnais oscailte. ▪ Saothrú: Cuirtear in iúl leis an iarratas gur féidir cur chuige roghnaithe malartaithe fhíorúil a scaipeadh agus/nó a uas-scálú, ionas go mbeidh tionchar níos leithne aige agus go spreagfaidh sé athrú córasach. Tugtar tuairisc shoiléir ar an gcur chuige saothrúcháin agus d'fhéadfadh na bearta atá beartaithe chun torthaí an tionscadail a úsáid a bheith éifeachtach. ▪ Tionchar: Maidir leis an tionchar tuartha, do na spriocghrúpaí sainaitheanta go háirithe, tá sé sonraithe go soiléir agus tá na bearta i bhfeidhm chun a chinntiú gur féidir an tionchar a bhaint amach agus meastóireacht a dhéanamh air. Tá torthaí foghlama sonraithe go soiléir roimh gach gníomhaíocht malartaithe fhíorúil agus déantar iad a thomhas tar éis gach gníomhaíochta, taifeadtar an dul chun cinn agus aithnítear na héachtaí. Is dócha go mbeidh torthaí suntasacha ar na gníomhaíochtaí. D'fhéadfadh torthaí an tionscadail tacú le hathruithe fadtéarmacha, feabhsuithe, nó forbairtí chun leasa na spriocghrúpaí agus na gcóras lena mbaineann. Mínítear san iarratas freisin conas a dhéanfar meastóireacht ar thionchar na foghlama (torthaí foghlama) trí mhalartú fíorúil chun moltaí eolasacha (le sonraí) a dhéanamh chun an teagasc agus an fhoghlaím malartaithe fhíorúil a fheabhsú tar éis an tionscadail. Tá na gnéithe sin mionsonraithe agus san áireamh sa chreat loighiciúil (teimpléad éigeantach den Ghlaio) freisin ▪ Inbhuanaitheacht: San iarratas tá bearta iomchuí agus acmhainní lena chinntiú go mbeidh na torthaí agus tairbhí inbhuanaithe tar éis shaolré an tionscadail.
---	---

Ní mór do thograí 60 pointe ar a laghad a bhaint amach chun go gcuirfeadh san áireamh le haghaidh cistiúcháin iad. Thairis sin, ní mór dóibh leath an uaslín pointí ar a laghad a ghnóthú i ngach catagóir de na critéir dhámhachtana thuasluaite (is é sin, 15 phointe ar a laghad le haghaidh na gcatagóirí 'ábharthacht an tionscadail' agus 'tionchar'; 10 bpointe le haghaidh na gcatagóirí 'cáilíocht dheardh agus chur chun feidhme an tionscadail' agus 'cáilíocht na socruithe comhpháirtíochta agus comhair').

I gcás ex aequo, tabharfar tosaíocht do na tionscadail ag a bhfuil an scór is airde faoi na critéir 'ábharthacht an tionscadail' agus ansin 'tionchar'.

SPRIOCANNA GEOGRAFACHA

Rannchuidíonn ionstraimí gníomhaíochta seachtraí an Aontais leis an ngníomhaíocht sin. Roinntear an buiséad atá ar fáil idir réigiúin éagsúla agus tá méid gach clúdaigh bhuiséadaigh éagsúil. Foilseofar tuilleadh faisnéise maidir leis na méideanna atá ar fáil faoi gach clúdach buiséadach ar an Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana (TDCT).

An Afraic Fho-Shaháarach: Tabharfar tosaíocht do na tíortha is lú forbairt sa réigiún seo; cuirfear béim speisialta chomh maith ar thíortha tosaíochta imirce¹⁴⁵; ní bheidh rochtain ag aon tír ar níos mó ná 8 % den mhaoiniú atá beartaithe don réigiún seo.

Mar riail ghinearálta, agus laistigh de theorainneacha na gcreataí dlíthiúla náisiúnta agus Eorpacha atá ann cheana, ba cheart na torthaí a chur ar fáil mar acmhainní oscailte oideachais (OER) agus, chomh maith leis sin, ar ardáin údarás ábhartha, gairmiúil, earnála nó inniúil. Tabharfar tuairisc sa togra ar conas a dhéanfar na sonraí, na hábhair, na doiciméid agus na gníomhaíochtaí closamhairc agus meán sóisialta a tháirgfear a chur ar fáil gan srian agus a chur chun cinn trí cheadúnais oscailte, agus níl teorainneacha díréireacha ann.

CAD IAD NA RIALACHA CISTIÚCHÁIN ATÁ ANN?

Leanann an ghníomhaíocht seo samhail cistiúcháin cnapshuime. Cinnfear méid na ranníocaíochta cnapshuime aonair le haghaidh gach deontais bunaithe ar bhuiséad measta na gníomhaíochta atá beartaithe ag an iarratasóir. Socróidh an t-údarás deonúcháin cnapshuim gach deontais bunaithe ar an togra, ar an toradh meastóireachta, ar na rátaí cistiúcháin agus ar uasmhéid an deontais atá socraithe sa ghlao.

EUR 500,000 ar a mhéad a bheidh i ngach deontas ón Aontas in aghaidh an tionscadail agus **déanfaidh eagraíochtaí infheistíocht de EUR 200 ar a mhéad in aghaidh an rannpháirtí (is é sin, bheadh ar thionscadal a fhaigheann EUR 500,000 2,500 rannpháirtí ar a laghad a bhaint amach).** Féadfaidh an deontas a dhámhtar a bheith níos ísle ná an méid a iarrtar.

Conas a chinntear cnapshuim an tionscadail?

Ní mór d'iarratasóirí tábla buiséid mionsonraithe a líonadh isteach san fhoirm iarratais, agus na pointí seo a leanas á gcur san áireamh:

- a) Ba cheart an buiséad a bheith mionsonraithe mar is gá ag an tairbhí/na tairbhíthe agus eagraithe i bpacáistí oibre comhleanúnacha (mar shampla roinnte i 'bainistíocht tionscadail', 'oiliúint', 'eagrú imeachtaí', 'ullmhú agus cur chun feidhme na soghluaisteachta', 'cumarsáid agus scaipeadh', 'dearbhu cáilíochta', srl.);
- b) Leis an togra ní mór tuairisc a thabhairt ar na gníomhaíochtaí a chumhdaítear le gach pacáiste oibre;
- c) Ní mór d'iarratasóirí miondealú ar na costais mheasta a sholáthar ina dtogra lena léirítear an scair in aghaidh an phacáiste oibre (agus, laistigh de gach pacáiste oibre, an scair atá sannta do gach tairbhí agus eintiteas cleamhnaithe);
- d) Sna costais ar a dtugtar tuairisc is féidir costais ball foirne, costais taistil agus chothaithe, costais trealaimh agus fochonraitheoireachta mar aon le costais eile (amhail scaipeadh faisnéise, foilsíú, aistriú) a chumhdach.

Déanfar meastóireacht ar thograí de réir na nósanna imeachta meastóireachta caighdeánacha le cuidiú ó shaineolaithe inmheánacha agus/nó seachtracha. Déanfaidh na saineolaithe measúnú ar cháilíocht na dtograí de réir na gceanglas a shainítear sa ghlao agus thionchar, cháilíocht agus éifeachtúlacht mheasta na gníomhaíochta.

I ndiaidh na meastóireachta ar an togra, cinnfidh an t-oifigeach údarúcháin méid na cnapshuime, agus torthaí an mheasúnúcháin a rinneadh á gcur san áireamh. Beidh an chnapshuim teoranta do 95 % ar a mhéad den bhuiséad measta a chinntear tar éis na meastóireachta.

¹⁴⁵ Is príomhthíortha imirce nach bhfuil comhlachaithe leis an gclár iad na tíortha seo a leanas nach bhfuil san Aontas: An Aetóip, an Afraic Theas, Buircíne Fasó, an Bhurúin, an Cósta Eabhair, an Ghaimbia, an Ghuine, Mailí, an Mháratáin, an Nigéir, an Nígir, an tSeineagáil, an tSúdáin, agus an tSúdáin Theas.

Socrófar paraiméadair an deontais (uasmhéid deontais, ráta cistiúcháin, costais incháilithe iomlána, srl.) sa chomhaontú deontais. Ní cheadaítear tacaíocht airgeadais do thríú páirtithe. Cheadaítear costais oibrithe deonacha agus FBManna. Féach Cuid C den Treoir Cláir seo, an chuid maidir le 'Costais Dhíreacha Incháilithe'. Ní mór a áireamh sa togra na costais le haghaidh dhá chruinniú (suas le beirt in aghaidh an iarratais) in aghaidh na bliana arna n-eagrú nó arna dtionscnamh ag an gCoimisiún Eorpach.

Déanfar meastóireacht ar éachtaí an tionscadail de réir na dtorthaí a chuirtear i gcrích. Leis an scéim cistiúcháin, d'fhéadfaí díriú ar na haschuir seachas ar na hionchuir, rud a chuirfeadh béim ar cháilíocht agus leibhéal gnóthachtála cuspóirí intomhaiste.

Tugtar tuairisc ar níos mó mionsonraí i samhail an chomhaontaithe deontais atá le fáil ar an Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana (TDCT).

PRÍOMHGHNIOMHAÍOCHT 2: COMHAR I MEASC EAGRAÍOCHTAÍ AGUS INSTITIÚIDÍ

Leis an bPríomhghníomhaíocht seo tacaítear leis an méid seo a leanas:

- Comhpháirtíochtaí maidir leis an gComhar, lena n-áirítear Comhpháirtíochtaí Comhair agus Comhpháirtíochtaí ar scála beag;
- Comhpháirtíochtaí Barr Feabhais, Ionaid Barr Feabhais Gairme agus Gníomhaíocht Erasmus Mundus san áireamh;
- Comhpháirtíochtaí um Nuálaíocht, lena n-áirítear Comhaontais agus tionscadail réamhbhreathnaitheacha;
- Tionscadail fothaithe acmhainneachta i réimse an ardoideachais, an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, na hóige agus an spóirt;
- Imeachtaí spóirt Eorpacha seachbhrabúsacha.

Leis na Gníomhaíochtaí a dtacaítear leo faoin bPríomhghníomhaíocht seo meastar go rannchuideofar go suntasach do thosaíochtaí an chlár, go mbeidh éifeachtaí dearfacha agus fadmarthanacha acu ar na heagraíochtaí rannpháirteacha, ar na córais beartais ina bhfuil na Gníomhaíochtaí sin curtha le chéile agus ar na heagraíochtaí agus ar na daoine atá páirteach go díreach nó go hindíreach sna gníomhaíochtaí eagraithe.

De bharr na Príomhghníomhaíochta seo, meastar go ndéanfar cleachtais nuálacha a fhorbairt, a aistriú agus/nó a chur chun feidhme ar an leibhéal eagraíochtúil, áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó Eorpach.

Ag brath ar na réimsí ar a dtugtar aghaidh agus ar an gcineál iarratasóra, déanann na Gníomhaireachtaí Náisiúnta nó an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir (EACEA) na gníomhaíochtaí sin a bhainistiú. Sna Ranna thíos, sonraítear gach mionsonra fúthu siúd atá in ann iarratas a dhéanamh agus faoin áit ar féidir iarratas a dhéanamh.

Maidir leis na heagraíochtaí rannpháirteacha, tá sé beartaithe go mbeidh na torthaí seo a leanas ar thionscadail dá dtugtar tacaíocht faoin bPríomhghníomhaíocht seo:

- cineálacha cur chuige nuálacha chun aghaidh a thabhairt ar a spriocghrúpaí, tríd an méid seo a leanas a sholáthar mar shampla: clár oideachais agus oiliúna níos tarraingtí, i gcomhréir le riachtanais agus ionchais aonair; úsáid cineálacha cur chuige rannpháirteacha agus modheolaíochtaí digiteacha; próisis nua nó fheabhsaithe chun inniúlachtaí a aithint agus a bhailíochtú; gníomhaíochtaí níos éifeachtaí chun tairbhe do phobail áitiúla; cleachtais nua nó fheabhsaithe chun freastal ar riachtanais spriocghrúpaí ar lú na deiseanna atá acu agus chun déileáil le difríochtaí i dtorthaí foghlama atá nasctha leis na héagothromaíochtaí geografacha agus socheacnamaíocha; cineálacha cur chuige nua chun aghaidh a thabhairt ar an éagsúlacht shóisialta, eitneach, teanga agus chultúrtha; cineálacha cur chuige nua chun tacú ar bhealach níos fearr leis an iomaíocht agus leis an bhfostaíocht go háirithe ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil; aithint barr feabhais i bhfoghlaim nó teagasc teangacha tríd an Séala Eorpach Teanga;
- timpeallacht atá níos nua-aimseartha, dinimiciúla, tiomanta agus gairmiúla laistigh den eagraíocht: réidh chun dea-chleachtais agus modhanna nua a lánpháirtiú, lena n-áirítear cumais dhigiteacha, sna gníomhaíochtaí laethúla; i bhfabhar sineirgí le heagraíochtaí atá gníomhach i réimsí éagsúla nó in earnálacha socheacnamaíocha eile; pleanáil straitéiseach fhorbairt ghairmiúil na mball foirne i gcomhréir le riachtanais aonair agus cuspóirí eagraíochtúla;
- inniúlacht mhéadaithe agus gairmiúlacht chun oibriú ar leibhéal an Aontais/ar an leibhéal idirnáisiúnta: inniúlachtaí bainistíochta agus straitéisí idirnáisiúnaithe feabhsaithe; comhar treisithe le comhpháirtithe ó thíortha eile, réimsí eile oideachais, oiliúna agus óige agus/nó earnálacha socheacnamaíocha eile; breis acmhainní airgeadais a leithdháileadh (seachas cistí ón Aontas) chun tionscadail ón Aontas/tionscadail idirnáisiúnta a eagrú i réimse an oideachais, na hoiliúna agus na hóige; breis cáilíochta le linn tionscadail ón Aontas/idirnáisiúnta a ullmhú agus a chur chun feidhme agus le linn monatóireacht agus obair leantach a dhéanamh orthu;

- eolas agus feacht fheabhsaithe maidir leis an spórt agus gníomhaíocht fhisiceach;
- feacht níos mó maidir le ról an spóirt i gcur chun cinn an chuimsithe shóisialta, comhionannas deiseanna, agus stíl mhaireachtála shláintiúil;

Ina theannta sin, is dócha go mbeidh tionchar dearfach ag na tionscadail a chistítear faoin bPríomhghníomhaíocht seo ar na daoine atá páirteach go díreach nó go hindíreach sna gníomhaíochtaí, amhail:

- ciall tionscnaíochta agus fiontraíochta mhéadaithe;
- inniúlacht mhéadaithe i dteangacha iasachta;
- leibhéal inniúlachta digití méadaithe;
- tuiscint agus freagrúlacht níos fearr ar gach cineál éagsúlachta, mar shampla éagsúlacht shóisialta, eitneach, teanga, inscne agus chultúrtha chomh maith le cumais éagsúla;
- leibhéal fheabhsaithe scileanna le haghaidh infhostaitheachta agus cruthú gnólachtaí nua (lena n-áirítear an fhiontraíocht shóisialta);
- rannpháirtíocht níos gníomhaí sa tsochaí;
- dearcadh níos dearfaí i leith an tionscadail Eorpaigh agus luachanna an Aontais;
- scileanna agus cáilíochtaí san Eoraip agus lastall di a thuiscint agus a aithint ar bhealach níos fearr;
- inniúlachtaí feabhsaithe, nasctha le próifílí gairmiúla (an teagasc, an oiliúint, obair óige, cóitseáil spóirt srl.);
- tuiscint níos fearr ar chleachtais, ar bheartais agus ar chórais san oideachas, san oiliúint, san óige nó sa spórt ar fud tíortha;
- tuiscint níos fearr ar idirnáisc idir an t-oideachas foirmiúil agus seachfhoirmiúil, an ghairmoiliúint, cineálacha eile foghlama, agus margadh an tsaothair faoi seach;
- deiseanna níos mó chun forbairt ghairmiúil a dhéanamh;
- go mbeidh siad níos spreagtha agus sásta ina n-obair laethúil;
- go rachfar i mbun níos mó spóirt agus gníomhaíocht fhisiceach.

Ar leibhéal sistéamach, tá coinne leis go spreagfaidh siad an nuachóiriú agus go neartóidh siad freagairt córas oideachais agus oiliúna agus beartas óige do na dúshláin is mó sa lá atá inniu ann: inbhuaine comhshaoil, claochlú digiteach, fostaíocht, cobhsaíocht agus fás eacnamaíoch, ach ina theannta sin an gá atá ann inniúlachtaí sóisialta, sibhialta agus idirchultúrtha, idirphlé idirchultúrtha, luachanna daonlathacha agus cearta bunúsacha, cuimsiú sóisialta, sláinte agus folláine intinne, neamh-idirdhealú agus saoránacht ghníomhach, smaointeoireacht chriticiúil agus litearthacht sna meáin a chur chun cinn.

Dá bhrí sin, is é seo a leanas tionchar beartaithe na Príomhghníomhaíochta seo:

- cáilíocht níos fearr oideachais agus oiliúna, oibre óige agus cleachtas spóirt san Eoraip agus lastall di: leibhéal níos airde barr feabhais agus tarraingteachta a chur le chéile le deiseanna níos mó do chách;
- córais oideachais, oiliúna agus óige atá ailínithe níos fearr le riachtanais mhargadh an tsaothair agus leis na deiseanna atá ann, agus naisc níos dlúithe le gnólachtaí agus leis an bpobal;
- soláthar níos fearr maidir le bunscoileanna agus scileanna trasnaí, agus measúnú níos fearr orthu, go háirithe: fiontraíocht, inniúlachtaí sóisialta, sibhialta, idirchultúrtha agus teanga, smaointeoireacht chriticiúil, scileanna digiteacha, agus litearthacht sna meáin;
- sineirgí agus naisc níos mó agus aistriú níos fearr idir earnálacha éagsúla an oideachais, na hoiliúna agus na hóige ar an leibhéal náisiúnta, agus úsáid fheabhsaithe uirlisí tagartha Eorpacha maidir le haithint, bailíochtú agus trédhearcacht inniúlachtaí agus cáilíochtaí;
- úsáid níos mó torthaí foghlama nuair a bhíonn tuairisc á tabhairt agus sainmhíniú á thabhairt ar cháilíochtaí, codanna de cháilíochtaí agus curaclaim, chun tacú leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim agus sa mheasúnú;
- feacht agus oscailteacht níos mó i leith na hilchineálachta sóisialta agus cuimsitheacht agus inrochtaineacht níos mó córas oideachais agus féidearthachtaí;

- comhar nua méadaithe idir- réigiúnach agus trasnáisiúnta na n- údarás poiblí i réimsí an oideachais, na hoiliúna agus na hóige;
- úsáid níos straitéisí agus níos comhtháite teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus acmhainní oscailte oideachais (OER) i gcórais oideachais, oiliúna agus óige;
- spreagadh níos mó don fhoghlaím teangacha trí mhodhanna nuálacha teagaisc nó naisc níos fearr le húsáid phraiticiúil scileanna teanga is gá i margadh an tsaothair;
- idirghníomhú treisithe idir cleachtas, taighde agus beartas;
- leibhéal méadaithe rannpháirtíochta i spórt agus i ngníomhaíocht fhisiceach mar uirlis sláinte agus folláine;
- eolas níos mó ar conas dul i ngleic le bagairtí trasteorann ar ionracas an spóirt, amhail dópáil, cúbláil cluichí agus foréigean, chomh maith le gach cineál éadulaingthe agus neamh- idirdhealaithe, tacaíocht níos fearr le haghaidh dea- rialachas i spórt agus déghairmeacha na lúthchleasaithe;
- aitheantas níos mó ar ghníomhaíochtaí deonacha sa spórt;
- soghluaisteacht mhéadaithe oibreoirí deonacha, cóitseálaithe, bainisteoirí agus ball foirne ó eagraíochtaí spóirt neamhbhrabúsacha;
- cuimsiú sóisialta agus comhionannas deiseanna níos mó i spórt.

COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ COMHAIR

CAD IAD COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ COMHAIR?

Leis an ngníomhaíocht seo, cuirtear ar a gcumas d'eagraíochtaí rannpháirteacha taithí a fháil ar an gcomhar idirnáisiúnta agus a n-inniúlachtaí a neartú, ach táirgí insóláthartha nuálacha ardchaighdeáin a tháirgeadh san am céanna. Ag brath ar cuspóirí an tionscadail, na heagraíochtaí rannpháirteacha lena mbaineann, nó an tionchar a mheastar a bheith ann, i measc nithe eile, féadfaidh méideanna agus raonta feidhme éagsúla a bheith i gceist le Comhpháirtíochtaí Comhair, agus féadfaidh na Comhpháirtíochtaí a ngníomhaíochtaí a oiriúnú dá réir sin. Beidh an measúnú cáilíochtúil ar na tionscadail sin i gcomhréir le cuspóirí an chomhair agus le cineál na n-eagraíochtaí lena mbaineann.

Bunaithe ar an loighic sin, cuirtear dhá chineál comhpháirtíochta ar fáil d'eagraíochtaí le bheith ag obair, ag foghlaim agus ag fás le chéile:

- **Comhpháirtíochtaí Comhair**
- **Comhpháirtíochtaí ar scála beag**

Cuirtear an dá chineál comhpháirtíochta sin i láthair go mionsonraithe sna leathanaigh a leanas. Cuideoidh an fhaisnéis sa dá roinn leat an cineál comhpháirtíochta is fearr a oireann do phróifíl agus do struchtúr d'eagraíochta agus do réimsí tionscadail a roghnú.

CÉ NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ A BHÍONN Á NDÉANAMH LE COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ COMHAIR DE GHNÁTH?

D'fhéadfadh eagraíochtaí raon leathan gníomhaíochtaí a dhéanamh ar feadh saolré tionscadail de ghnáth. Idir gníomhaíochtaí traidisiúnta agus gníomhaíochtaí níos cruthaithí agus níos nuálaí, bíonn an tsolúbthacht ag eagraíochtaí an meascán is fearr a chuideoidh le cuspóirí an tionscadail a roghnú i ndáil lena raon feidhme agus i gcomhréir le hinniúlachtaí na comhpháirtíochta. Mar shampla:

- **Bainistíocht tionscadail:** gníomhaíochtaí atá riachtanach chun pleanáil, cur chun feidhme agus obair leantach leordhóthanach na dtionscadal a áirithiú, lena n-áirítear comhar rianúil éifeachtúil idir comhpháirtithe an tionscadail. Sa chéim seo, cuimsítear go hiondúil le gníomhaíochtaí tascanna eagrúcháin agus riaracháin, cruinnithe fíorúla idir comhpháirtithe, ullmhú ábhar cumarsáide, ullmhú agus obair leantach rannpháirtithe atá páirteach i ngníomhaíochtaí, srl.
- **Gníomhaíochtaí cur chun feidhme:** d'fhéadfaí áireamh iontu imeachtaí líonraithe, cruinnithe, seisiúin oibre chun cleachtais a mhalartú agus torthaí a fhorbairt. D'fhéadfaí a chuimsiú leis na gníomhaíochtaí seo freisin rannpháirtíocht ball foirne agus foghlaimeoirí (ar choinníoll go gcuideodh a rannpháirtíocht le baint amach chuspóirí an tionscadail).
- **Gníomhaíochtaí comhroinnte agus cur chun cinn:** eagrú comhdhálacha, seisiún, imeachtaí a bhfuil mar aidhm leo torthaí an tionscadail a chomhroinnt, a mhíniú agus a chur chun cinn, bíodh siad i bhfoirm torthaí inláimhsithe, conclúidí, dea-chleachtas nó in aon fhoirm eile.

RANNCHUIDIÚ AN GHNÍMH SEO MAIDIR LE TOSAÍOCHTAÍ BEARTAIS A BHAINT AMACH

Ar bhonn bliantúil, leagann an Coimisiún Eorpach tosaíochtaí agus cuspóirí coiteanna amach atá lena saothrú ar leibhéal Chlár Erasmus+ i réimsí éagsúla an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt. Dá bhrí sin, cé is moite d'inniúlachtaí eagraíochtaí atá páirteach sa tionscadal a fhorbairt is é is aidhm do chomhpháirtíochtaí comhair rannchuidiú lena dtorthaí le baint amach na dtosaíochtaí.

Dá bhrí sin, iarrtar ar thionscadail an obair a chumadh i ndáil le ceann amháin nó níos mó de na tosaíochtaí sin agus iad a roghnú ag céim an iarratais. Agus tograí tionscadail á gceapadh, moltar freisin dul i gcomhairle leis na torthaí a fuarthas i dtionscadail a cistíodh roimhe sin bunaithe ar thosaíochtaí comhchosúla, chun an chomhsheasmhacht a

áirithiú agus dúbailtí a sheachaint, mar aon le cur de réir a chéile le torthaí atá ann cheana agus rannchuidiú le forbairt chomhpháirteach na réimsí éagsúla. Tá faisnéis úsáideach maidir le tionscadail a cistíodh le fáil ar an Ardán Torthaí ar Thionscadail Erasmus+: https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/projects_en.

Ina theannta sin, chun nasc níos fearr a dhéanamh idir tosaíochtaí Eorpacha agus riachtanais shonracha ar an leibhéal náisiúnta, is féidir le Gníomhaireachtaí Náisiúnta Erasmus+ ceann amháin nó níos mó de na tosaíochtaí Eorpacha sin a shainaithint mar thosaíocht nó tosaíochtaí ábhartha go háirithe ina gcomhthéacs náisiúnta, chun eagraíochtaí a spreagadh lena rannchuidiú sna réimsí roghnaithe sin a dhíriú ar bhliain ar leith.

In 2023, ní mór do Chomhpháirtíochtaí Comhair dul i ngleic le ceann amháin nó níos mó de na réimsí tosaíochta seo a leanas:

TOSAÍOCHTAÍ AG A bhFUIL FEIDHM MAIDIR LEIS NA hEARNÁLACHA ERASMUS+ UILE

- **An cuimsiú agus an éagsúlacht i ngach réimse oideachais, oiliúna, óige agus spóirt:** leis an gClár tacófar le tionscadail lena gcuirtear an cuimsiú sóisialta chun cinn agus arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar an bhfor- rochtain ar dhaoine ar lú na deiseanna atá acu, lena n- áirítear daoine faoi mhíchumas agus daoine ag a bhfuil cúlra imirceach, chomh maith le daoine atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus iargúlta ar nós na réigiún is forimeallaí, daoine a chaithfidh dul i ngleic le neamhionannas inscne, a bhfuil deacrachtaí socheacnamaíocha acu nó aon fhoinsé fhéideartha neamh- idirdhealaithe eile bunaithe ar ghnéis, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéis. Beidh na tionscadail sin ina gcuidiú le haghaidh a thabhairt ar na bacainní atá roimh na grúpaí sin chun deiseanna a thairgtear leis an gclár a rochtain, chomh maith le rannchuidiú le timpeallachtaí cuimsitheacha a chruthú a chothaíonn cothroime agus cothromas, agus atá freagrúil do riachtanais an phobail i gcoitinne. Faoin tosaíocht seo, tacóidh an Clár le tionscadail a chuireann gníomhaíochtaí oideachasúla chun cinn agus a éascaíonn lánpháirtiú na ndaoine a theitheadh ón gcogadh san Úcráin ina dtimpeallachtaí foghlama nua.
- **An comhshaol agus an comhrac in aghaidh an athraithe aeráide:** is é is aidhm don Chlár tacú le feachtas a ardú faoin gclaohlú glas, faoi dhúshláin chomhshaoil agus athraithe aeráide ar fud na n-earnálacha uile. Tabharfar tosaíocht do thionscadail arb é is aidhm dóibh inniúlachtaí a fhorbairt in earnálacha inbhuanaitheachta éagsúla, scileanna, straitéisí agus modheolaíochtaí earnála glasa a fhorbairt chomh maith le curaclaim atá dírithe ar an todhchaí agus lena bhfreastalaítear ar bhealach níos fearr ar riachtanais daoine aonair. Leis an gClár tacófar freisin le tástáil cleachtas nuálach chun foghlaimoirí, baill foirne agus oibrithe óige a ullmhú le bheith ina bhfíorghníomhairí athraithe (mar shampla acmhainní a shábháil, úsáid fuinnimh agus dramhaíola a laghdú, astaíochtaí an loirg carbóin a chúiteamh, glacadh le roghanna bia agus soghluaisteachta inbhuanaithe, srl.). Ina theannta sin, tabharfar tosaíocht do thionscadail lena féidir – trí ghníomhaíochtaí oideachais, oiliúna, óige agus spóirt – athruithe iompraíochta a dhéanamh le haghaidh roghanna aonair, nósanna tomhaltais agus stíleanna maireachtála i gcomhréir leis an tionscnamh Bauhaus Eorpach Nua¹⁴⁶; inniúlachtaí inbhuanaitheachta oideoirí agus ceannairí oideachais a fhorbairt agus tacú le cineálacha cur chuige pleanáilte na n- eagraíochtaí rannpháirteacha maidir leis an inbhuanaithe comhshaoil.
- **Aghaidh a thabhairt ar chlaohlú digiteach trí ullmhacht dhigiteach, athléimneacht agus inniúlacht a fhorbairt:** Leis an gclár, tacófar leis na pleananna claochlaithe dhigitigh de chuid institiúidí bunoidreachais, meánoideachais, gairmoideachais agus gairmoiliúna, ardoideachais, agus institiúidí oideachais aosaigh.

¹⁴⁶ https://europa.eu/new-european-bauhaus/index_en

Tabharfar tosaíocht do thionscadail arb é is aidhm dóibh inniúlacht agus ullmhacht institiúidí a mhéadú chun bainistíocht a dhéanamh ar athrú éifeachtach i dtreo an oideachais dhigitigh. Beidh an clár ina thaca le húsáid fhiúntach teicneolaíochtaí digiteacha i réimse an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt le haghaidh teagaisc, foghlama, measúnaithe agus rannpháirtíochta. Áirítear leis sin forbairt oideolaíochta agus saíneolais dhigitigh in úsáid uirlisí digiteacha le haghaidh múinteoirí, lena n-áirítear teicneolaíochtaí inrochtana agus cúnta agus cruthú agus úsáid nuálach inneachair oideachais dhigitigh. Mar an gcéanna, áirítear leis sin forbairt scileanna digiteacha agus inniúlachtaí an phobail uile trí chlár agus tionscnaimh iomchuí. Tabharfar aird ar leith ar an gcomhionannas inscne a chur chun cinn agus ar aghaidh a thabhairt ar dhifríochtaí i ndáil leis an rochtain agus leis an úsáid ag grúpaí tearcionadaithe. Leis an gclár tabharfar tacaíocht bhreise d'úsáid na gcreataí Eorpacha maidir le hinniúlachtaí digiteacha oideoirí, saoránach agus eagraíochtaí.

- **Luachanna coiteanna, rannpháirteachas saoránach agus rannpháirtíocht:** Leis an gclár tacófar leis an tsaoránacht ghníomhach agus leis an eitic san fhoghlaim ar feadh an tsaoil; cothófar forbairt inniúlachtaí sóisialta agus idirchultúrtha leis chomh maith le forbairt na smaointeoireachta criticiúla agus na litearthachta sna meáin. Tabharfar tosaíocht freisin do thionscadail lena dtairgtear deiseanna do dhaoine a bheith rannpháirteach sa saol daonlathach chomh maith le deiseanna le haghaidh comhpháirteachas saoránach agus sóisialta trí ghníomhaíochtaí foghlama foirmiúla nó seachfhoirmiúla, amhail gníomhaíochtaí a ardaíonn feachtas maidir le rannpháirtíocht i dtoghcháin 2024 do Pharlaimint na hEorpa, agus a chuireann an rannpháirtíocht sin chun cinn. Díreofar freisin ar fheachtas a mhúscailt ar chomhthéacs an Aontais Eorpaigh agus ar an tuiscint ar an gcomhthéacs sin a mhéadú, go háirithe a mhéid a bhaineann le luachanna coiteanna an Aontais, prionsabail na haontachta agus na héagsúlachta, chomh maith lena bhféiniúlacht chultúrtha, lena bhfeachtas chultúrtha agus lena n-oidhreacht shóisialta agus stairiúil.

I dteannta na dtosaíochtaí ginearálta a luaitear thuas, saothrófar na tosaíochtaí sonracha seo a leanas sna hearnálacha faoi leith.

TOSAÍOCHTAÍ EARNÁILSONRACHA

I réimse an ardoideachais:

Tabharfar tosaíocht do ghníomhaíochtaí atá rithabhachtach chun cuspóirí an Limistéar Eorpaigh Oideachais a bhaint amach. Is é is aidhm dó sin tacú le hearnáil an ardoideachais chun bheith níos idirnasctha, níos nuálaí, níos cuimsithí agus níos digití fós. Chun na críche sin, leis an gclár spreagfar comhar i bhfad níos doimhne agus níos idirdhisciplíní idir institiúid ardoideachais, agus lena n-éiceachórais nuálacha máguaird chomh maith leis sin, agus neartú na nasc idir an t-oideachais, an taighde agus an nuálaíocht. Díreofar go háirithe ar an gcuimsiú, an tsoghluaisteacht, an digitiú, an fhoghlaim ar feadh an tsaoil, an dearbhú cáilíochta agus an t-aitheantas uathoibríoch a neartú. Is é an cuspóir foluiteach atá ann dlús a chur leis an gclaíocht ardoideachais ar fud na hEorpa, chun oiliúint a chur ar na glúnta amach romhainn eolas a chomhchruthú le haghaidh sochaí athléimneach, cuimsitheach agus inbhuanaithe.

- **Córais ardoideachais idirnasctha a chur chun cinn:** is é is aidhm don chlár an comhar straitéiseach agus struchtúrtha a neartú idir institiúidí ardoideachais tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: a) tacaíocht a thabhairt do chineálacha éagsúla samhlacha comhair a fhorbairt agus a thástáil, lena n-áirítear an comhar fíoriúil agus cumaisc agus úsáid uirlisí digiteacha agus ardáin éagsúla ar líne; b) feabhas a chur ar an tsoghluaisteacht trí aitheantas frithpháirteach uathoibríoch ar cháilíochtaí agus torthaí foghlama a chur chun feidhme, agus tríd an tsoghluaisteacht a leabú i gcuraclaim; c) tacaíocht a thabhairt d'institiúidí ardoideachais prionsabail Bologna a chur chun feidhme, lena gcuimsítear luachanna bunúsacha acadúla a chur chun cinn chomh maith leis na caighdeáin agus treoirilínte le haghaidh dearbhú cáilíochta agus uirlisí chun soghluaisteacht do chách a chur chun feidhme; d) tacaíocht d'institiúidí ardoideachais, le comhar láidir le hionadaithe Ballstát chun comhar nuálach agus gníomhaíochtaí nuálacha a thriail ar bhonn píolótach; e)

tacaíocht do chur chun feidhme Erasmus gan Pháipéar, lena seolfar Aitheantóir Eorpach Mic Léinn agus Cárta Mac Léinn Eorpach.

- **Cleachtais foghlama agus teagaisc nuálacha a spreagadh:** chun dul i ngleic le dúshláin shochoaíocha agus nuálaíocht agus fiontraíocht a chur chun cinn trí thacú leis an méid seo a leanas: a) forbairt curaclam atá dírithe ar thorthaí foghlama agus ar an mac léinn lena bhfreastalaítear ar bhealach níos fearr ar riachtanais foghlama mac léinn agus lena laghdaítear mímhéaitseálacha scileanna, chomh maith le cur chun cinn fiontraíochta, agus iad ábhartha freisin le haghaidh an mhargaidh saothair agus na sochaí i gcoitinne san am céanna, mar shampla cuireadh a thabhairt do bhaill foirne ó fhiontair agus saol na hoibre nó curaclaim a chomhdhearadh leis an tionscal, FBManna san áireamh; b) forbairt, tástáil agus cur chun feidhme conairí foghlama solúbtha agus dearaidh cúrsa mhodúlaigh (de chineál páirtaimseartha, ar líne, nó cumaisc) agus foirmeacha iomchuí measúnaithe, lena n-áirítear forbairt measúnaithe ar líne; c) éirim na foghlama ar feadh an tsaoil i leith an ardoideachais a chur chun cinn, trí na féidearthachtaí do ghlacadh, bailíochtú agus aithint cúrsaí foghlama gearra as a bhfaighfear micridhintiúir a fhiosrú; d) cur chun feidhme cineálacha cur chuige trasdisciplíneacha agus oideolaíochta nuálacha amhail an fhoghlaím inbhéartaithe, an fhoghlaím idirnáisiúnta chomhoibríoch ar líne, an fhoghlaím thaighdebhunaithe agus dianchláir chumaisc, a thacaíonn le sealbhú na scileanna réamhbhreathnaitheacha inaistrithe agus an fiontraíocht trí chur chuige bunaithe ar dhúshláin;
- **Fhorbairt ETIM/ETIEM a fhorbairt san ardoideachas, go háirithe rannpháirtíocht na mban in ETIM:** Leis an tosaíocht seo tacaítear le forbairt agus cur chun feidhme curaclam ardoideachais STEM atá oiriúnach don fheidhm, de réir cur chuige ETEIM; rannpháirtíocht na mban a chur chun cinn i réimsí staidéir ETIM agus go háirithe san innealtóireacht, TFC agus ardscoilanna digiteacha; forbairt clár treoraíochta agus meantóireachta le haghaidh mic léinn, go háirithe cailíní agus mná, chun réimsí staidéir agus gairmeacha ETIM agus TFC a shaothrú; cleachtais oideachais agus oiliúna inscne-íogaire a chothú in oideachas ETIM; deireadh a chur le steiréitíopaí inscne in ETIM;
- **Barr feabhais i réimse na foghlama, an teagaisc agus na forbartha scileanna a aithint,** trí a) straitéisí agus cultúr cáilíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun luach saothair agus spreagadh a thabhairt do bharr feabhais sa teagasc, mar shampla an teagasc ar líne, agus an teagasc le haghaidh foghlaimoirí ar lú na deiseanna atá acu, an fhoghlaím agus an teagasc dírithe ar an mac léinn san ardoideachas, chomh maith le tacaíocht do ghairmeacha solúbtha tarraingteacha acadúla, meas a thabhairt ar ghníomhaíochtaí teagaisc, taighde, fiontraíochta, bainistíochta agus ceannaireachta; b) oiliúint a chur ar acadóirí in oideolaíochtaí nua agus nuálacha, mar shampla, an teagasc i dtimpeallachtaí ar líne nó timpeallachtaí cumaisc, cineálacha cur chuige trasdisciplíneacha, modhanna nua ó thaobh dhearadh, sheachadadh agus mheasúnú an churaclaim ag nascadh an oideachais le taighde agus nuálaíocht i gcás inarb ábhartha, c) cleachtais nua maidir le dearadh teagaisc, bunaithe ar thaighde agus cruthaitheacht oideachais.
- **Tacú le cumais dhigiteacha agus ghlasa na hearnála ardoideachais;** le tacaíocht do a) chlaochlú digiteach institiúidí ardoideachais (idir-inoibritheacht san áireamh) agus digitiú soghluaisteachta mac léinn nasctha le tionscnamh na gCártaí Mac Léinn Eorpacha, b) forbairt scileanna digiteacha mac léinn agus ball foirne, agus c) bunachair sonraí rianaithe céimithe. Maidir leis an gclaochlú glas, tacóidh an clár le a) cur chuige a chuimsíonn an institiúid ar fad, b) cur chuige trasdisciplíneach chomh maith le cúlra láidir disciplíneach agus foghlaim ar feadh an tsaoil, micridhintiúir san áireamh, c) forbairt curaclaim i gcomhréir leis na scileanna glasa is gá, d) tacú le comhpháirtíochtaí trasnáisiúnta idir mic léinn, acadóirí, ollscoilanna, fostaithe, pobail agus geallsealbhóirí maidir le dúshláin i ndáil leis an aeráid chun fíor- cheannródaithe aeráide a chruthú san ardoideachas.
- **Córais ardoideachais chuimsitheacha a thógáil:** Leis an gclár, cothófar cineálacha cur chuige cuimsitheacha le haghaidh gníomhaíochtaí soghluaisteachta agus comhair amhail a) tacaíocht d'oideachas mac léinn agus ball

foirne ar dídeanaithe iad, agus tacaíocht d'institiúidí agus do bhaill foirne na dtíortha óstacha chun é sin a dhéanamh, b) rochtain, rannpháirtíocht agus rátaí críochnaithe níos mó de dhaoine ar lú na deiseanna atá acu, grúpaí nach ndéantar leor- ionadaíocht orthu san áireamh, le spriocanna cainníochtúla deonacha a fhorbairt; c) tacaíocht ghníomhach do rannpháirtithe soghluaiste isteach le linn an phróisis a bhaineann le lóistín a aimsiú, lena n-áirítear trí dhul i gcomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha chun tithíocht iomchuí agus inacmhainne a sholáthar; d) tacaíocht do mheabhairshláinte mac léinn agus acadóirí; e) an chothromaíocht inscne a chothú in institiúidí ardoideachais, thar réimsí staidéir agus i bpoist cheannaireachta; f) rannpháirtíocht saoránach a chothú tríd an bhfoghlaim neamhfhoirmiúil agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim a chur chun cinn agus aitheantas a thabhairt d'obair dheonach agus phobail i dtorthaí acadúla mac léinn.

- **Tacú le scileanna nuálaíochta agus fiontraíochta mac léinn:** Cuirfidh an clár tacaíocht ar fáil i gcomhair nuálaíocht agus fiontraíocht san ardoideachas, mar shampla le a) tacaíocht do bhunú agus d'fheidhmiú saotharlann beo agus gorlann in institiúidí ardoideachais, i ndlúthchomhar leis an earnáil fiontraíochta agus gníomhaithe ábhartha eile, chun tacú leis an bhfoghlaim agus leis an teagasc nuálach agus chun cabhrú le fiontraithe mac léinn a gcuid smaointe a fhorbairt chun gnólachtaí a thosú, b) tacaíocht do chomhpháirtíochtaí foghlama agus teagaisc le heagraíochtaí tráchtála agus neamhthráchtála san earnáil phríobháideach a chothaíonn teagmháil na mac léinn leis an nuálaíocht agus leis an bhfiontraíocht.

I réimse an oideachais scoile:

- **Dul i ngleic le míbhuntáiste foghlama, luathfhágáil na scoile agus inniúlacht íseal i mbunscileanna:** Is é is aidhm don tosaíocht seo cuidiú le féidearthacht ratha a thabhairt do gach foghlaim, go háirithe iad sin a bhfuil níos lú deiseanna acu. Áirítear leis an tosaíocht monatóireacht, sainaitheantas luath daltaí i mbaol, cineálacha cur chuige coisctheacha agus luatha le haghaidh foghlaimeoirí ag a bhfuil deacrachtaí, cur chun cinn cineálacha cur chuige atá níos dírithe ar an bhfoghlaimeoir, cur chun cinn folláine agus meabhairshláinte le haghaidh foghlaimeoirí agus múinteoirí, chomh maith le cosaint ar bhulaíocht ar scoil. Ar leibhéal na scoileanna, leis an tosaíocht seo tacaítear le cineálacha cur chuige iomlánaíochta i leith an teagaisc agus na foghlama agus an chomhair i measc na ngníomhaithe uile laistigh de scoileanna, agus le teaghlaigh agus geallsealbhóirí seachtracha eile chomh maith leis sin. Ar deireadh, ar an leibhéal straitéiseach, táthar ag díriú ar fheabhas a chur ar aistrithe idir céimeanna éagsúla den oideachas, feabhas a chur ar mheastóireacht agus córais dearbhaithe cáilíochta láidre a fhorbairt.
- **Tacú le múinteoirí, ceannairí scoile agus gairmeacha teagaisc eile:** Leis an tosaíocht seo tacaítear le cleachtóirí i ngairmeacha múinteoirí (lena n-áirítear oideoirí múinteoirí) trí na céimeanna uile dá ngairm. Le tionscadail faoin tosaíocht seo is féidir díriú ar oideachas tosaigh múinteoirí a fheabhsú, chomh maith lena bhforbairt ghairmiúil leanúnach, go háirithe trí fheabhas a chur ar an gcreat beartais agus deiseanna nithiúla le haghaidh soghluaisteacht múinteoirí. Is é an dara gné a ndírítear uirthi ná féachaint chuige go mbeidh gairmeacha teagaisc níos tarraingtí agus níos éagsúla, agus roghnú, earcú agus meastóireacht le haghaidh gairmeacha teagaisc a neartú. Ar deireadh, le tionscadail is féidir tacú go díreach freisin le ceannaireacht scoile agus modhanna teagaisc agus measúnaithe nuálacha níos láidre a fhorbairt.
- **Príomhinniúlachtaí a fhorbairt:** Le tionscadail faoin tosaíocht seo díreofar ar an gcomhar traschuraclaim a chur chun cinn, cineálacha cur chuige nuálacha a úsáid, an chruthaitheacht a fhorbairt, tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí le linn teagasc inniúlachtbhunaithe a sholáthar agus forbairt measúnuithe agus bailíochtú príomhinniúlachtaí.
- **Cur chuige cuimsitheach a chur chun cinn i leith teagasc agus foghlaim teangacha:** Áirítear leis an tosaíocht sin tionscadail lena n-oibrítear ar thacú le lánpháirtíú na héirime teanga ar fud na gcuraclam agus ar a áirithiú

go mbainfidh foghlaimoirí leibhéil inniúlachta teanga leordhóthanacha amach faoi dheireadh an oideachais éigeantaigh. Tá príomhshruthú na húsáide a bhaintear as teicneolaíochtaí nua le haghaidh foghlaim teangacha mar chuid de na hiarrachtaí faoin tosaíocht seo freisin. Ar deireadh, leis an tosaíocht tacaítear le tionscadail lenar féidir cuidiú le scoileanna atá feachtas ar theangacha a chruthú agus lena dtógtar ar an éagsúlacht teanga mhéadaitheach i scoileanna, mar shampla trí fhoghlaim agus feachtas teangacha luath a spreagadh agus roghanna teagaisc dátheangacha a fhorbairt (go háirithe i réigiúin teorann agus i gceantair ina n-úsáideann na háitritheoirí níos mó ná teanga amháin).

- **Cur chun cinn spéise agus barr feabhais i gcur chuige na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice (ETIM) agus i gcur chuige ETEIM:** Leis an tosaíocht seo tacaítear le tionscadail lena gcuirtear cur chuige ETIM chun cinn i leith an oideachais tríd an teagasc idirdhisciplíneach i gcomhthéacsanna cultúrtha, comhshaoil, eacnamaíochta, dearaidh agus i gcomhthéacsanna eile, agus ag cur spéis na gcailíní in ábhair ETIM chun cinn go háirithe. Áirítear leis an tosaíocht forbairt agus cur chun cinn oideolaíochtaí agus modhanna measúnaithe éifeachtacha agus nuálacha. Sa chomhthéacs seo, tá luach ar leith le comhpháirtíochtaí a fhorbairt idir scoileanna, gnóilachtaí, institiúidí ardoideachais, institiúidí taighde agus an tsochaí i gcoitinne. Ar an leibhéal straitéiseach, fónnann an tosaíocht chun forbairt straitéisí ETIM náisiúnta a chur chun cinn.
- **Córais oideachas agus chúram na luath-óige ardcháilíochta a fhorbairt:** Leis an tosaíocht seo díreann ar chur chun cinn chur chun feidhme chreat cáilíochta an Aontais maidir le cúram agus oideachas na luath-óige a ghabhann leis an Moladh ón gComhairle, 2019, maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige ardcháilíochta¹⁴⁷. Áirítear inti tionscadail lena soláthraítear tacaíocht le haghaidh fhorbairt ghairmiúil tosaigh agus sa ghairmoideachas agus gairmoiliúint leanúnach na mball foirne atá páirteach in oideachas agus cúram na luath-óige a eagrú, a threorú agus a sholáthar. Ina theannta sin, leis an tosaíocht tacaítear freisin le straitéisí agus cleachtais a chruthú, a thástáil agus a chur chun feidhme chun rannpháirtíocht gach linbh in oideachas agus cúram na luath-óige a chothú, lena n-áirítear leanaí ar lú na deiseanna atá acu.
- **Aitheantas ar thorthaí foghlama le haghaidh rannpháirtithe sa tsoghluasteacht foghlama trasteorann:** Is é is aidhm don tosaíocht seo cuidiú leis an Moladh ón gComhairle maidir le haitheantas frithpháirteach uathoibríoch a chur i bhfeidhm. Tá sí ina taca le malartuithe ranga trasteorann i gcláir scoile a leabú, inniúlacht scoileanna a fhothú chun tréimhsí foghlama ar an gcoigríoch a eagrú dá ndaltaí, agus comhpháirtíochtaí fadtéarmacha a chruthú idir scoileanna i dtíortha éagsúla. Ar an leibhéal straitéiseach, is é is aidhm don tosaíocht seo rannpháirtíocht níos láidre ó údarais scoile a áirithiú ar gach leibhéal d'fhonn aitheantas a áirithiú, agus tá sí ina taca le forbairt agus comhroinnt uirlisí agus cleachtas chun tréimhsí ar an gcoigríoch a ullmhú, monatóireacht a dhéanamh orthu agus iad a aithint.
- **Tacú le nuálaithe ar scoil:** I gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le straitéis Eorpach d'ollscoileanna¹⁴⁸, is é is aidhm don tosaíocht sin daoine mór le rá ó ghnóilachtaí nuathionscanta a thabhairt isteach ionas go mbeidís in ann a bheith ina n-ambasadóirí agus meantóirí chun daoine óga a spreagadh agus chun iarraidh orthu smaointe agus réitigh nua a fhorbairt.

I réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna (de chineál tosaigh agus leanúnach araon):

¹⁴⁷ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32019H0605%2801%29&qid=1638446515934>

¹⁴⁸ <https://education.ec.europa.eu/document/commission-communication-on-a-european-strategy-for-universities>

- **Gairmoideachas agus gairmoiliúint a oiriúnú do riachtanais an mhargaidh saothair:** Áirítear leis sin tacú le forbairt clár gairmoideachais agus gairmoiliúna lena dtairgtear meascán comhardaithe de scileanna gairme agus lena gcruthaítear deiseanna foghlama obairbhunaithe atá ailínithe go maith do gach timthriall eacnamaíoch, post athraitheach agus modh oibre agus príomhinniúlacht. Leis an tosaíocht seo cothaítear freisin forbairt curaclam gairmoideachais agus gairmoiliúna, tairiscintí cláir agus cáilíochtaí a thugtar cothrom le dáta go tráthrialta, ag tógáil ar fhaisnéis scileanna. Le tionscadail tacófar le soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna a dtairiscint oiliúna a oiriúnú do riachtanais scileanna athraitheacha, aistrithe glasa agus digiteacha agus timthriallta eacnamaíocha.
- **Solúbthacht deiseanna sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint a mhéadú:** Leis an tosaíocht seo tacaítear le tionscnaimh lena bhforbraítear cláir ghairmoideachais agus ghairmoiliúna atá solúbtha agus dírithe ar an bhfoghlaiméir, agus lena rannchuidítear le bearnaí atá ann cheana a dhruim sa rochtain ar oiliúint do dhaoine fásta in aois oibre chun bainistíocht rathúil a dhéanamh ar aistrithe sa mhargadh saothair. Le tionscadail faoin tosaíocht seo rannchuidítear freisin le forbairt clár gairmoiliúna leanúnaí atá deartha chun bheith inoiriúnaithe don mhargadh saothair, chomh maith le cláir lena n-éascaítear aistriú, aithint agus carnadh torthaí foghlama as a dtagann cáilíochtaí náisiúnta.
- **Rannchuidiú leis an nuálaíocht sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint:** Leis an tosaíocht seo tacaítear le tionscadail arb é is príomhaidhm dóibh athrú substaintiúil a dhéanamh ar an mbealach ina ndéantar an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint a chleachtadh, rud a fhágann go bhfuil siad níos ábhartha do riachtanais todhchaí an gheilleagair agus na sochaí. Is féidir leis na hathruithe sin a bheith eagraíochtúil (pleanáil, maoiniú, bainistíocht acmhainní daonna, monatóireacht agus cumarsáid). Leis na hathruithe sin is féidir aghaidh a thabhairt freisin ar phróisis teagaisc agus foghlama trí chineálacha cur chuige nua agus níos ábhartha a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Is féidir go mbeidh baint ag na hathruithe sin le héiceachóras na soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna agus leis an mbealach a théann siad i mbun plé le comhpháirtithe, mar shampla trí scaipeadh na teicneolaíochta agus taighde feidhmeach, abhcóideacht, líonrú agus gníomhaíochtaí idirnáisiúnaithe. Is féidir leo díriú ar fhorbairt agus soláthar táirgí agus seirbhísí gairmoideachais agus gairmoiliúna freisin (mar shampla forbairt scileanna, taighde feidhmeach, agus comhairleacht) do ghníomhaithe seachtracha amhail mic léinn, cuideachtaí agus rialtais.
- **Tarraingteacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a mhéadú:** Tabharfar tosaíocht do thionscadail lena rannchuidítear le tarraingteacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a mhéadú ar leibhéal éagsúla. I measc na samplaí de na nithe sin áirítear tionscadail lena n-oibrítear i dtreo tréscaoilteacht níos mó idir leibhéal oideachasúla éagsúla, lena gcothaítear timpeallachtaí foghlama oscailte agus rannpháirteacha, lena dtacaítear le forbairt ghairmiúil múinteoirí agus oiliúnóirí gairmoideachais agus gairmoiliúna, nó lena n-éascaítear aithint torthaí foghlama agus úsáid Europass agus seirbhísí digiteacha eile. Leis an tosaíocht seo tacaítear le tionscadail freisin lena bhforbraítear comhpháirtíochtaí fadtéarmacha chun comórtais scileanna idirnáisiúnta, náisiúnta, réigiúnacha agus earnála a bhunú nó a threisiú. Is féidir tionchar na ngníomhaíochtaí sin a bharrfheabhsú trí dhlúthobair a dhéanamh le gnólachtaí, soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna, comhlachais tráchtála agus geallsealbhóirí ábhartha eile feadh chéimeanna éagsúla thimthriall an tionscadail.
- **Feabhas a chur ar an dearbhú cáilíochta sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint:** Leis an tosaíocht seo dírithe ar cháilíocht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a thomhas agus ar fheabhas a chur uirthi trí chórais dearbhaithe cáilíochta náisiúnta a fhorbairt, le haghaidh an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna tosaigh agus leanúnaí araon, sna timpeallachtaí foghlama uile agus sna formáidí foghlama uile, atá soláthartha ag soláthraithe poiblí agus príobháideacha araon. Go sonrach, áirítear leis sin socruithe rianaithe céimithe a

chur ar bun agus a thástáil i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le céimnithe a rianú, agus an Moladh maidir leis an gCreat Tagartha Eorpach um Dhearbhu Cáilíochta le haghaidh an Ghairmoideachais agus na Gairmoiliúna (EQAVET)¹⁴⁹, chomh maith le hiniúchadh a dhéanamh ar chroíphróifíil gairme de chuid an Aontais, agus micridhintiúir.

- **Cruthú agus cur chun feidhme straitéisí idirnáisiúnaithe le haghaidh soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna:** Is é is aidhm don tosaíocht seo sásraí tacaíochta agus creataí conarthacha a chur i bhfeidhm chun soghluaisteacht ardcháilíochta bhaill foirne agus fhoghlaimeoirí an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a chur chun cinn. Ar na gnéithe a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo, tá aitheantas frithpháirteach uathoibríoch cáilíochtaí agus torthaí foghlama, chomh maith le seirbhísí tacaíochta mic léinn a fhorbairt le haghaidh soghluaisteacht foghlaimeoirí. Ar na seirbhísí sin is féidir go bhfuil eolas a thabhairt ar lánpháirtiú sóisialta foghlaimeoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna sa tír óstach agus ar an méid sin a spreagadh, a ullmhú agus a éascú, chomh maith le feabhas a chur ar a bhfeasacht idirchultúrtha agus ar an tsaoránacht ghníomhach.

I réimse an oideachais aosaigh:

- **glacadh a mhéadú agus cuimsitheacht agus inrochtaineacht an oideachais aosaigh a fheabhsú:** Tabharfar tosaíocht do thionscadail lena gcumhachtaítear daoine fásta agus lena gcuirtear ar a gcumas dóibh a bheith páirteach san oiliúint chun bearnaí maidir le scileanna agus easnaimh sa mhargadh saothair a laghdú chomh maith le rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim a chur chun cinn agus a éascú. Go háirithe tionscadail a fhorbraíonn cuntais foghlama agus creata cumasaithe aonair (deiseanna bailíochtúcháin agus treoraíochta agus straitéisí spreagtha éifeachtacha san áireamh).
- **Feabhas a chur ar infhaighteacht deiseanna foghlama ardcháilíochta solúbtha aitheanta le haghaidh daoine fásta:** Leis an tosaíocht seo soláthraítear tacaíocht le haghaidh cruthú agus forbairt tairiscintí foghlama solúbtha atá oiriúnaithe do riachtanais foghlama daoine fásta, mar shampla trí dheiseanna foghlama digiteacha agus cumaisc a fhorbairt. Tugtar tosaíocht freisin do thionscadail lena n-oibrítear ar bhailíochtú na scileanna a dheimhnítear le micridhintiúir nó a fuarthas tríd an bhfoghlaim neamhfhoirmiúil agus sheachfoirmiúil.
- **Ionaid foghlama áitiúla agus spásanna nuálacha foghlama a chur chun cinn:** Is é is aidhm don tosaíocht seo tacú le timpeallachtaí foghlama áitiúla, an cuimsiú sóisialta, an rannpháirtíocht saoránach agus an daonlathas a chur chun cinn, agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil agus i ngach gné den saol a mhealladh agus a thairiscint do gach duine sa phobal, agus trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha freisin, chomh maith le bearta le haghaidh for-rochtana agus rannpháirteachas foghlaimeoirí. Le tionscadail mar shampla, d'fhéadfaí lárionaid foghlama áitiúla, leabharlanna, iarsmalanna, príosún, an tsochaí shibhialta agus an pobal i gcoitinne (eagraíochtaí neamhrialtasacha, san earnáil sláinte agus cultúir, srl.) a spreagadh chun oibriú le chéile chun daoine fásta de gach aois a spreagadh agus a chumasú chun na scileanna saoil agus na príomhinniúlachtaí is gá a fhoghlaim chun bheith athléimneach agus inoiriúnaithe roimh athrú agus éiginnteacht.
- **Conairí uas-scilithe a chruthú:** Is é is aidhm don tosaíocht seo deiseanna oideachais aosaigh nua a chur chun cinn, go háirithe le haghaidh daoine fásta ag a bhfuil leibhéal íseal scileanna, eolais agus inniúlachtaí. Le cruthú conairí uas-scilithe nua ba cheart a cheadú d'fhoghlaimeoirí fásta a bpríomhinniúlachtaí a fheabhsú agus dul i dtreo cáilíochtaí níos airde. Ar an obair chomhlántach a chumhdaítear faoin tosaíocht seo tá treoraíocht a fhorbairt mar sheirbhís chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag daoine fásta ar fhoghlaim ábhartha ar feadh an

149

<https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/2aeac659-5ef4-4f95-aa7d-7e867fa8b0d2>

tsaoil, feabhas a chur ar scileanna sainaitheantais agus scagtha, tairiscintí foghlama saincheaptha a dhearadh, agus straitéisí for-rochtana, treoraíochta agus spreagtha éifeachtacha a fhorbairt.

Feabhas a chur ar inniúlachtaí oideoirí agus ball foirne eile san fhoghlaim aosach agus ball foirne treoraíochta eile: Tugtar tosaíocht go háirithe do thionscadail lena bhforbraítear inniúlachtaí ball foirne as a dtagann feabhsuithe foriomlána le linn an t-oideachas aosach a sholáthar, i gcomhréir leis na claochluithe glasa agus digiteacha. Tugtar tosaíocht, go háirithe, do thionscadail a thacaíonn le hoideoirí, foirne ceannaireachta san áireamh, chun teagasc a dhéanamh agus a bheith ag gníomhú ar son na hinbhuanaitheachta agus chun inniúlachtaí digiteacha oideoirí a fhorbairt, mar shampla, trí Chúrsaí Oiliúna sa Deis Dhigiteach agus trí mhodhanna agus uirlisí teagaisc a fheabhsú le húsáid éifeachtach réiteach nuálach agus teicneolaíochtaí digiteacha. Tabharfar tosaíocht do thionscadail a dhíríonn ar fhorbairt scileanna chun riachtanais foghlama aonair a aithint agus freagairt dóibh, mar shampla, conairí saincheaptha a dhearadh nó pleananna a chur in oiriúint do chúlra nó cúinsí foghlaimeora, measúnú ar an réamheolas agus na scileanna atá ag foghlaimeoirí fásta, modhanna teagaisc níos fearr agus níos nuálaí, chomh maith le neartú a dhéanamh ar an ról tacaíochta a bhíonn ag baill foirne oideachais aosaigh chun foghlaimeoirí a spreagadh, a threorú agus a chomhairliú maidir le staideanna foghlama dúshlánacha.

- **Deiseanna foghlama a chruthú agus a chur chun cinn i measc na saoránach agus na nglún uile:** Tugtar tosaíocht do thionscadail lena gcruthaítear agus lena gcuirtear chun cinn an fhoghlaim ó ghlúin go glúin, mar shampla, deiseanna foghlama agus malartuithe taithí i measc na n-aoisghrúpaí go léir, seanóirí san áireamh, d'fhonn tuiscint níos fearr ar an Aontas Eorpach agus a luachanna a fhorbairt agus féiniúlacht Eorpach a neartú.
- **Feabhas a chur ar an dearbhú cáilíochta i ndeiseanna foghlama do dhaoine fásta:** Leis an tosaíocht seo tacaítear le sásraí dearbhaithe cáilíochta níos fearr a fhorbairt le haghaidh bheartais agus sholáthar na foghlama aosáí. Go háirithe, áirítear leis sin forbairt agus aistriú modheolaíochtaí monatóireachta chun éifeachtacht sholáthar an oideachais aosaigh a thomhas agus dul chun cinn foghlaimeoirí fásta a rianú.

I réimse na hóige:

Tabharfar tosaíocht do ghníomhaíochtaí lena rannchuidítear leis na croiréimsí de Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027: dul i mbun plé le daoine óga, iad a nascadh agus a chumhachtú. Díreofar go háirithe ar an gcomhar trasearnála a neartú lena n-éascaítear níos mó sineirgí ar fud réimsí éagsúla gníomhaíochtaí atá tábhachtach le haghaidh daoine óga, rannpháirtíocht na hóige a chur chun cinn i scálaí agus formáidí éagsúla agus tacú le saoránacht ghníomhach daoine óga, go háirithe daoine óga atá i mbaol an eisiaimh shóisialta. Ar thosaíochtaí sonracha le haghaidh réimse na hóige tá:

- **An tsaoránacht ghníomhach, ciall tionscnaíochta daoine óga agus fiontraíocht óige lena n-áirítear fiontraíocht shóisialta a chur chun cinn:** Is é is aidhm don tosaíocht an tsaoránacht ghníomhach a chothú i measc daoine óga, go háirithe trí oibriú go deonach agus gníomhartha dlúthpháirtíochta, agus leis sin ciall tionscnaíochta daoine óga a neartú, go háirithe sa réimse sóisialta, agus tacú lena bpobail. Le tionscadail faoin tosaíocht seo d'fhéadfaí an fhiontraíocht, an fhoghlaim chruthaitheach agus an fhiontraíocht shóisialta i measc na hóige a chur chun cinn freisin. Is príomhghnéithe den tosaíocht seo iad an t-idirphlé idirchultúrtha, eolas agus aithint na héagsúlachta agus cur chun cinn na caoinfhuilgthe.
- **Cáilíocht, nuálaíocht agus aithint oibre óige a mhéadú:** Is é is aidhm don tosaíocht seo aithint agus bailíochtú oibre óige agus na foghlama neamhfhoirmiúla agus seachfhoirmiúla ar gach leibhéal a chur chun cinn, agus tacú leis an bhforbairt agus leis an nuálaíocht in oibre óige, i gcomhréir leis na tosaíochtaí a chumhdaítear i

bPlean Oibre an Aontais Eorpaigh don Óige agus Dearbhú Bonn ó Nollaig 2020. Áirítear leis sin fothú acmhainneachta oibrithe óige ina gcleachtais ar líne agus as líne, chomh maith le tacú le forbairt agus comhroinnt modhanna chun dul i bhfeidhm ar dhaoine óga imeallaithe, cosc a chur leis an gciníochas agus an éadulaingt i measc daoine óga, agus rioscaí, deiseanna agus impleachtaí an digitithe.

- **Infhostaitheacht daoine óga a neartú:** Is é is aidhm don tosaíocht príomhinniúlachtaí agus bunscileanna daoine óga a neartú. Is tábhachtach an ról atá ag an earnáil óige chun aistriú daoine óga ón óige go dtí an t-aosach a éascú, lena n-áirítear tacú lena lánpháirtiú sa mhargadh saothair. I gcroílár na tosaíochta seo tá gníomhaíochtaí atá dírithe ar chuimsiú agus infhostaitheacht daoine óga ar lú na deiseanna atá acu (lena n-áirítear NEETanna), agus béim ar leith ar dhaoine óga atá i mbaol an imeallaithe agus iad sin ag a bhfuil cúlra imirceach.
- **Naisc a threisiú idir beartais, taighde agus cleachtais:** Leis an tosaíocht seo tugtar aghaidh ar an ngá atá le naisc níos láidre idir beartais, taighde agus cleachtais i réimse na hóige chun fianaise fheabhsaithe a sholáthar ar riachtanais agus ceapadh beartas a éascú. Le haghaidh na tosaíochta seo beidh tábhacht le gníomhaíochtaí chun eolas níos fearr a chur chun cinn faoi staid daoine óga agus beartais óige san Eoraip agus lastall di.

I réimse an spóirt:

Tabharfar tosaíocht do chomhpháirtíochtaí lena rannchuidítear le cur chun feidhme príomh-dhoiciméad beartais amhail Plean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt (2021- 2024) nó an moladh ón gComhairle maidir le gníomhaíocht fholláin choirp a chur chun cinn. Ar na tosaíochtaí sonracha i réimse an spóirt tá:

- **Stíleanna maireachtála sláintiúla a spreagadh do chách:** díreoidh tionscadail faoin tosaíocht seo ar an méid a leanas go príomha: a) cur chun feidhme na dtrí cholún den tionscnamh HealthyLifestyle4All, b) cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le gníomhaíocht fholláin choirp a chur chun cinn agus na dTreoirínte ón Aontas maidir le Gníomhaíocht Choirp c) tacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme na Seachtaine Eorpaí Spóirt d) cur chun cinn an spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla mar uirlis le haghaidh na sláinte e) cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí uile lena spreagtar cleachtadh an spóirt agus na gníomhaíochta fisiciúla f) cur chun cinn an spóirt agus cluichí traidisiúnta.
- **Ionracas agus luachanna sa spórt a chur chun cinn:** le tionscadail faoin tosaíocht seo díreofar go príomha ar a) úsáid na dópála a chomhrac b) cúbláil cluichí agus an t-éilliú sa spórt a chomhrac c) feabhas a chur ar dhea- rialachas sa spórt agus d) cur chun cinn luachanna dearfacha an spóirt.
- **An t-oideachas a chur chun cinn sa spórt agus tríd:** le tionscadail faoin tosaíocht seo díreofar go príomha ar a) thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt scileanna sa spórt b) déghairmeacha na lúthchleasaithe a spreagadh c) cáiliúocht na cóitseála agus ball foirne a chur chun cinn d) an tsoghluaisteacht a úsáid mar uirlis chun feabhas a chur ar cháiliúochtaí e) an infhostaitheacht a chur chun cinn tríd an spórt.
- **Comhionannas agus luachanna Eorpacha a chur chun cinn sa spórt agus tríd an spórt:** díreoidh tionscadail faoin tosaíocht seo ar chur chun cinn a) an chomhionannais sa spórt, comhionannas inscne san áireamh¹⁵⁰, b) luachanna Eorpacha agus an spórt a úsáid mar mheán síochána agus cuimsiúcháin, c) luachanna neamh- idirdhealúcháin ar aon bhonn, frith- chiníochas, oscailteacht agus caoinfhulaingt.

COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ COMHAIR

Is é is príomhspríoc do Chomhpháirtíochtaí Comhair deis a thabhairt d'eagraíochtaí cáilíocht agus ábharthacht a ngníomhaíochtaí a mhéadú, a líonraí comhpháirtithe a fhorbairt agus a dhaingniú, a n-acmhainneacht chun feidhmiú go comhpháirteach ar an leibhéal trasnáisiúnta a mhéadú, dlús a chur le hidirnáisiúnú a ngníomhaíochtaí, agus trí chleachtais agus modhanna nua a mhalartú nó a fhorbairt mar aon le smaointe a chomhroinnt agus aghaidh a thabhairt orthu.

Is é is aidhm dóibh tacú le forbairt, aistriú agus/nó cur chun feidhme cleachtas nuálach chomh maith le cur chun feidhme tionscnamh comhpháirteach lena gcuirtear chun cinn an comhar, an phiarfhoghlaim agus malartuithe taithí ar an leibhéal Eorpach. Ba cheart do na torthaí a bheith in-athúsáidte, inaistrithe agus in-uas-scálaithe, agus, más féidir, ba cheart éirim thrasdisciplíneach láidir a bheith ann.

Beidh coinne leis go gcomhroinnfeadh tionscadail roghnaithe torthaí a ngníomhaíochtaí ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus trasnáisiúnta.

Tá Comhpháirtíochtaí Comhair fréamhaithe i dtosaíochtaí agus i gcreataí beartais gach earnála Erasmus+, ar leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta araon, arb é is aidhm dóibh san am céanna dreasachtaí a thabhairt don chomhar trasearnála agus cothrománach i réimsí téamacha.

Ag brath ar réimse an tionscadail atá beartaithe nó ar an gcineál iarratasóra, déanann na **Gníomhaireachtaí Náisiúnta** nó an **Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA)** na Comhpháirtíochtaí Comhair sin a bhainistiú. Chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis seo, féach an roinn 'cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh' faoi na CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA.

CUSPÓIRÍ NA GNÍOMHAÍOCHTA

Tá sé mar aidhm le Comhpháirtíochtaí Comhair:

- **Cur leis an gcáilíocht in obair, i ngníomhaíochtaí agus i gcleachtais na n-eagraíochtaí agus na n-institiúidí lena mbaineann**, deiseanna a chur ar fáil do ghníomhaithe eile, nach n-áirítear go nádúrtha iad laistigh d'earnáil amháin;
- **Cur le hinniúlacht eagraíochtaí** obair a dhéanamh go trasnáisiúnta agus thar earnálacha;
- **Dul i ngleic le riachtanais agus tosaíochtaí coiteanna** i réimsí an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt;
- **Claochlú agus athrú a chumasú** (ar leibhéal aonair, eagraíochtúil nó earnála), as a dtiocfaidh feabhsuithe agus cineálacha cur chuige nua, i gcomhréir le comhthéacs gach eagraíochta.

CÉ NA CRITÉIR ATÁ LE COMHLÍONADH CHUN IARRATAS A DHÉANAMH AR CHOMHPHÁIRTÍOCHT COMHAIR?

Ní mór do thograí tionscadail maidir le Comhpháirtíochtaí Comhair na critéir incháilitheachta seo a leanas a chomhlíonadh le bheith incháilithe le haghaidh deontas Erasmus+:

CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Is féidir le haon eagraíocht rannpháirteach i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár a bheith ina hiarratasóir. Is í an eagraíocht sin a dhéanann iarratas thar ceann na n-eagraíochtaí rannpháirteacha uile atá páirteach sa tionscadal.
---	--

Cé na cineálacha eagraíochtaí atá incháilithe le bheith rannpháirteach sa tionscadal?	Is féidir le haon eagraíocht phoiblí nó phríobháideach, atá bunaithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár nó in aon tír ar domhan nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár (féach an roinn ‘Tíortha incháilithe’ i gCuid A den Treoir seo), a bheith rannpháirteach i gComhpháirtíocht Chomhair¹⁵¹. Eisceacht: níl eagraíochtaí ón mBealarúis (Réigiún 2) ná ó Chónaidhm na Rúise (Réigiún 4) incháilithe chun páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht sin. Is féidir le heagraíochtaí atá bunaithe i mBallstát den Aontas agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár a bheith rannpháirteach mar chomhordaitheoir an tionscadail nó mar eagraíocht chomhpháirtíochta. Ní féidir le tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a bheith rannpháirteach mar chomhordaitheoirí tionscadail. Gan beann ar an réimse ar a dtéann an tionscadal i bhfeidhm, tá Comhpháirtíochtaí Comhair oscailte d’aon chineál eagraíochta atá gníomhach in aon réimse oideachais, oiliúna, óige, spóirt nó in aon earnáil shocheacnamaíoch eile, agus d’eagraíochtaí a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí atá trasnaí i réimsí éagsúla (mar shampla údarais áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta, lárionaid aitheantais agus bhailíochtaíthe, comhlachais tráchtála, eagraíochtaí trádála, lárionaid treorach, eagraíochtaí cultúrtha agus spóirt). Ag brath ar an tosaíocht agus ar na cuspóirí a dtéann an tionscadal i ngleic leo, ba cheart do Chomhpháirtíochtaí Comhair an réimse comhpháirtithe is iomchuí agus is éagsúla a chuimsiú le go bhféadfaí tairbhe a bhaint as a n-eispéiris agus a bpróifílí éagsúla agus a saineolas sonrach agus le torthaí tionscadail ábhartha ardchaighdeán a bhaint amach.
Rannpháirtíocht eagraíochtaí comhpháirtíochta	De bhreis ar na heagraíochtaí atá rannpháirteach go foirmiúil sa tionscadal (an chomhordaitheoir agus eagraíochtaí comhpháirtíochta), féadfaidh Comhpháirtíochtaí Comhair ról a thabhairt do chomhpháirtithe eile freisin ón earnáil phoiblí nó ón earnáil phríobháideach a rannchuidíonn le cur chun feidhme tascanna/gníomhaíochtaí tionscadail sonracha nó a thacaíonn le cur chun cinn agus inbhuanaithe an tionscadail. Laistigh de thionscadal Erasmus+, tabharfar ‘comhpháirtithe comhlachaithe’ ar na comhpháirtithe sin. Ní mheastar gur comhpháirtithe tionscadail iad i ndáil le gnéithe incháilitheachta agus bainistíochta tionscadail, agus ní fhaigheann siad aon mhaoiniú ón gClár mar chuid den tionscadal. Mar sin féin, chun a ról laistigh den chomhpháirtíocht a thuiscint agus chun léargas uilíoch a fháil ar an togra, ní mór tuairisc shoiléir a thabhairt ar a rannpháirtíocht sa tionscadal agus sna gníomhaíochtaí éagsúla.

¹⁵¹ Chun críche na Gníomhaíochta, ní mheastar gur eagraíocht iad grúpaí neamhfhoirmiúla daoine óga, agus dá bhrí sin níl siad incháilithe le bheith rannpháirteach (mar iarratasóirí ná comhpháirtithe).

Líon agus próifíl na n-eagraíochtaí rannpháirteacha	Tionscadal trasnáisiúnta is ea Comhpháirtíocht Chomhair agus ní mór a chuimsiú inti trí eagraíocht ar a laghad ó thrí cinn éagsúla de Bhallstáit den Aontas nó tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Ní hann d’uaslón eagraíochtaí rannpháirteacha i gcomhpháirtíocht amháin. Ní mór gach eagraíocht rannpháirteach a shainithint tráth a chuirtear isteach ar dheontas. Mar riail ghinearálta, dírítear i gComhpháirtíochtaí Comhair ar an gcomhar idir eagraíochtaí atá bunaithe i mBallstáit den Aontas nó tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Mar sin féin, féadfaidh eagraíochtaí ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a bheith rannpháirteach mar chomhpháirtithe (seachas mar iarratasóirí), más rud é go bhfuil breisluach fíor-riachtanach ag baint lena rannpháirtíocht le haghaidh an tionscadail, agus a fhad a chomhlíontar an rannpháirtíocht íosta ó na trí eagraíocht ó na trí cinn éagsúla de Bhallstáit den Aontas nó na tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár.
Tosaíochtaí a dtéitear i ngleic leo	Lena meas le haghaidh cistiúcháin, ní mór do Chomhpháirtíochtaí Comhair dul i ngleic le ceann amháin díobh seo a leanas: • tosaíocht chothrománach amháin ar a laghad agus/nó • tosaíocht shonrach amháin ar a laghad atá ábhartha maidir leis an réimse oideachais, oiliúna, óige agus spóirt is mó ar a dtéitear i bhfeidhm. Le haghaidh tionscadail i réimse an oideachais, na hoiliúna agus na hóige a bhainistíonn Gníomhaireachtaí Náisiúnta Erasmus+ faoi bhainistíocht indíreach, féadfaidh Gníomhaireachtaí Náisiúnta, i measc na dtosaíochtaí sin, níos mó airde a thabhairt orthu sin a bhfuil ábharthacht ar leith leo ina gcomhthéacs náisiúnta (ar a dtugtar ‘Tosaíochtaí Eorpacha sa chomhthéacs náisiúnta’). Ní mór do na Gníomhaireachtaí Náisiúnta iarratasóirí féideartha a chur ar an eolas go cuí trína suíomhanna gréasáin oifigiúla. Maidir le tionscadail i réimse an spóirt ní féidir aghaidh a thabhairt ach ar thosaíocht amháin (tosaíocht chothrománach nó tosaíocht shonrach).

Ionad na ngníomhaíochtaí	Ní mór gach gníomhaíocht de chuid Comhpháirtíocht Comhair a dhéanamh i dtíortha na n-eagraíochtaí atá rannpháirteach sa tionscadal, mar lán-chomhpháirtithe nó mar chomhpháirtithe comhlachaithe. Ina theannta sin, i gcás ina bhfuil údar cuí leis i ndáil le cuspóirí nó cur chun feidhme an tionscadail: • Féadfar gníomhaíochtaí a reáchtáil ag suíomh Institiúide de chuid an Aontais Eorpaigh freisin¹⁵², fiú amháin más fíor nach bhfuil sa tionscadal aon eagraíocht rannpháirteach ón tír a óstálann an Institiúid. • Féadfar gníomhaíochtaí lena mbaineann comhroinnt agus cur chun cinn torthaí a reáchtáil freisin ag imeachtaí/comhdhálacha trasnáisiúnta téamacha ábhartha i mBallstáit den Aontas nó i dtíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár.
Fad an tionscadail	Idir 12 mhí agus 36 mhí. Ní mór an fad a roghnú ag céim an iarratais, bunaithe ar chuspóirí an tionscadail agus ar an gcineál gníomhaíochtaí atá beartaithe le himeacht aimsire. Féadfar fad Comhpháirtíochta Comhair a shíneadh, ar iarraidh réasúnaithe a fháil ón tairbhí agus le comhaontú na Gníomhaireachta Náisiúnta nó Feidhmiúcháin, (agus ar choinníoll nach mó an fad iomlán ná 36 mhí). I gcás den sórt sin, ní thiocfaidh aon athrú ar an deontas iomlán.

¹⁵² Is iad an Bhruiséil, Frankfurt, an Háig, Lucsamburg agus Strasbourg suíomhanna Institiúidí an Aontais Eorpaigh

Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh?	I gcás iarratas maidir le Comhpháirtíochtaí i réimsí an oideachais, na hoiliúna agus na hóige arna chur isteach ag aon eagraíocht sna réimsí sin, cé is moite d’eagraíochtaí neamhrialtasacha Eorpacha: - Faoi bhráid Ghníomhaireacht Náisiúnta na tíre ina bhfuil an eagraíocht is iarratasóir bunaithe. Maidir le Comhpháirtíochtaí i réimsí an oideachais, na hoiliúna agus na hóige atá curtha isteach ag eagraíochtaí neamhrialtasacha Eorpacha¹⁵³: - Faoi bhráid na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr (EACEA), atá lonnaithe sa Bhruiséil - Eagraíochtaí neamhrialtasacha Eorpacha - Uimhir aitheantais an Ghlao: ERASMUS-2023-PCOOP-ENGO - Beart 1: ERASMUS-EDU-2023-PCOOP-ENGO - Beart 2: ERASMUS-YOUTH-2023-PCOOP-ENGO Maidir le Comhpháirtíochtaí i réimse an spóirt: - Faoi bhráid na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr (EACEA), atá lonnaithe sa Bhruiséil - Spórt - Uimhir aitheantais an Ghlao: ERASMUS-SPORT-2023-SCP I ngach cás, ní fhéadfaidh an cuibhreannas céanna comhpháirtithe ach iarratas amháin a chur isteach agus ní fhéadfar ach iarratas a chur isteach chuig Ghníomhaireacht amháin in aghaidh gach sprioc-ama¹⁵⁴
Cathain is féidir iarratas a dhéanamh?	I gcás iarratas maidir le Comhpháirtíochtaí i réimsí an oideachais, na hoiliúna agus na hóige arna chur isteach ag aon eagraíocht sna réimsí sin, cé is moite d’eagraíochtaí neamhrialtasacha Eorpacha: - Ní mór d’iarratasóirí a n- iarratas ar dheontas a chur isteach faoin 22 Márta ar 12:00:00 (meán lae am na Bruiséile) le haghaidh tionscadail dar tosach idir an 1 Meán Fómhair agus an 31 Nollaig sa bhliain chéanna. I gcás Comhpháirtíochtaí i réimse na hóige atá curtha isteach ag aon eagraíocht sa réimse sin, cé is moite d’eagraíochtaí neamhrialtasacha Eorpacha: - Ní mór d’iarratasóirí a n- iarratas ar dheontas a chur isteach faoin 4 Deireadh Fómhair ar 12:00:00 (meán lae am na Bruiséile) le haghaidh tionscadail dar tosach idir an 1 Eanáir agus an 31 Lúnasa an bhliain ina dhiaidh sin. Sprioc- am breise féideartha:

¹⁵³ Chun sainmhíniú a fháil ar a meastar a bheith i gceist le heagraíocht neamhrialtasach Eorpach chun críche Chlár Erasmus+, féach ‘Cuid D – Gluais’ den Treoir seo.

¹⁵⁴ Leis sin áirítear Gníomhaireachtaí Náisiúnta Erasmus+ agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA) araon atá lonnaithe sa Bhruiséil.

	Féadfaidh Gníomhaireachtaí Náisiúnta i réimse an oideachais agus na hoiliúna an dara babhta iarratas a eagrú, agus beidh feidhm ag na rialacha a leagtar amach sa Treoir seo ina leith freisin. Foilseoidh na Gníomhaireachtaí Náisiúnta faisnéis faoin bhféidearthacht sin ar a suíomh gréasáin. Má eagraítear an dara babhta, ní mór d'iarratasóirí a n- iarratas ar dheontas a chur isteach faoin 4 Deireadh Fómhair ar 12:00:00 (meán lae am na Buiséile) le haghaidh tionscadail dar tosach idir an 1 Eanáir agus an 31 Lúnasa an bhliain ina dhiaidh sin. Maidir le Comhpháirtíochtaí i réimsí an oideachais, na hoiliúna agus na hóige atá curtha isteach ag eagraíochtaí neamhrialtasacha Eorpacha: - Ní mór d'iarratasóirí a n- iarratas ar dheontas a chur isteach faoin 22 Márta ar 17:00:00 (am na Buiséile). Maidir le Comhpháirtíochtaí i réimse an spóirt: - Ní mór d'iarratasóirí a n- iarratas ar dheontas a chur isteach faoin 22 Márta ar 17:00:00 (am na Buiséile).
--	---

Déanfar measúnú ar eagraíochtaí is iarratasóirí de réir na gcritéir eisiaimh agus roghnúcháin ábhartha. Chun breis faisnéise a fháil féach Cuid C den Treoir seo.

TIONSCADAL A BHUNÚ

Ceithre chéim atá i dtionscadal Comhpháirtíochta Comhair, agus cuirtear tús leo sula roghnaítear an togra tionscadail le haghaidh cistiúcháin fiú amháin: pleanáil, ullmhú, cur chun feidhme agus obair leantach. Ní mór d'eagraíochtaí rannpháirteacha agus rannpháirtithe atá páirteach sna gníomhaíochtaí ról gníomhach a ghlacadh sna céimeanna sin uile, rud a chuirfidh feabhas ar a n- eispéireas foghlama.

- Pleanáil (riachtanais, cuspóirí, torthaí tionscadail agus foghlama, formáidí na ngníomhaíochtaí, sceideal srl. a shainiú);
- Ullmhú (pleanáil na ngníomhaíochtaí, forbairt cláir oibre, socruithe praiticiúla, deimhniú spriocghrúpa nó spriocghrúpaí na ngníomhaíochtaí atá beartaithe, comhaontuithe a chur ar bun le comhpháirtithe srl.);
- Cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí;
- Obair leantach (meastóireacht ar na gníomhaíochtaí agus ar a dtionchar ar leibhéil éagsúla, torthaí an tionscadail a chomhroinnt agus a úsáid).

D'fhéadfaí go gcuimseofaí faoi Chomhpháirtíochtaí Comhair eagrú gníomhaíochtaí foghlama, teagaisc agus oiliúna trasnáisiúnta do dhaoine agus do ghrúpaí daoine, a mhéid a chuireann siad le gnóthachan chuspóirí an tionscadail. Tabharfar tuairisc ar fhormáid, cuspóir, cineál agus líon na rannpháirtithe sna gníomhaíochtaí atá beartaithe, agus tabharfar údar leo, mar chuid den iarratas ar thionscadal.

Gnéithe cothrománacha le cur san áireamh agus do thionscadal á dhearadh:

Anuas ar na critéir fhoirmiúla a chomhlíonadh agus socrú comhair inbhuanaithe a bhunú le gach comhpháirtí tionscadail, d'fhéadfadh na gnéithe seo a leanas cuidiú le tionchar agus cur chun feidhme cáilíochtúil Comhpháirtíochtaí

Comhair a mhéadú trí chéimeanna éagsúla an tionscadail. Moltar d'iaratasóirí na deiseanna agus na héirimí sin a chur san áireamh agus tionscadail Comhpháirtíochta Comhair á ndearadh.

An Cuimsiú agus an Éagsúlacht

Leis an gClár Erasmus+ féachtar leis an gcomhionannas deiseanna a chur chun cinn ar fud a ghníomhaíochtaí uile agus féachtar leis an rochtain, leis an gcuimsiú, agus leis an gcothroime a chur chun cinn leis sin freisin. Chun na prionsabail sin a chur chun feidhme, ceapadh Straitéis um Chuimsiú agus Éagsúlacht¹⁵⁵ chun tacú níos fearr le for-rochtain ar rannpháirtithe ó chúlraí níos éagsúla, go háirithe iad sin ar lú na deiseanna atá acu agus a bhfuil bacainní roimh a rannpháirtíocht i dTionscadail Eorpacha. Oireann comhpháirtíochtaí comhair d'obair maidir leis an gcuimsiú agus leis an éagsúlacht mar ábhar an tionscadail, go háirithe, chomh maith le tuilleadh forbartha ar chleachtais agus modhanna cuimsitheacha atá íogair ó thaobh na héagsúlachta de, i gcomhréir leis an tosaíocht beartais chomhfhreagrach don ghníomhaíocht. Chomh maith leis sin, ar bhealach atá neamhspleách ar théama a dtionscadal, ba cheart d'eagraíochtaí gníomhaíochtaí tionscadail inrochtana agus cuimsitheacha a dhearadh, agus ba cheart dearcadh rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu a chur san áireamh agus ról a thabhairt dóibh sa chinnteoireacht ar fud an phróisis uile.

Inbhuaine comhshaoil

Ba cheart tionscadail a dhearadh ar bhealach éiceabhách agus gach gné de chleachtais ghlasa a chuimsiú iontu. Ba cheart d'eagraíochtaí agus do rannpháirtithe cur chuige atá neamhdhíobhálach don chomhshaoil a ghlacadh agus an tionscadal á dhearadh acu, rud a spreagfaidh gach duine atá páirteach sa tionscadal chun saincheisteanna comhshaoil a phlé agus foghlaim fúthu, machnamh a dhéanamh faoinar féidir a dhéanamh ar leibhéil éagsúla agus cuidiú le heagraíochtaí agus le rannpháirtithe cuimhneamh ar bhealaí malartacha atá níos glaise le gníomhaíochtaí tionscadail a chur chun feidhme.

An éirim dhigiteach

Tá an comhar fíorúil agus tástáil deiseanna foghlama fíorúla agus cumaisc ríthábhachtach do Chomhpháirtíochtaí Comhair rathúla. Go háirithe, moltar go láidir do thionscadail i réimse an oideachais scoile agus an oideachais aosach úsáid a bhaint as Ardán Eorpach um Oideachas Scoile (Ríomhnascadh san áireamh), nó ardán don fhoghlaim aosach EPALE chun a bheith ag obair le chéile, i rith na ngníomhaíochtaí tionscadail agus ina ndiaidh. Moltar go láidir do thionscadail i réimse na hóige úsáid a bhaint as Tairseach Eorpach na hÓige agus as an Ardán do Straitéis Óige an Aontais.

Rannpháirtíocht agus gníomhaíocht shibhialta

Tacaíonn an Clár le rannpháirtíocht agus comhpháirteachas gníomhach ar fud a ghníomhaíochtaí. Ba cheart do thionscadail Comhpháirtíochta Comhair deiseanna a thairiscint do rannpháirtíocht daoine sa saol daonlathach agus do rannpháirtíocht shóisialta agus shaoránach. Díreofar freisin ar fheasacht a mhúscailt ar chomhthéacs an Aontais Eorpaigh agus ar an tuiscint ar an gcomhthéacs sin a mhéadú, go háirithe a mhéid a bhaineann le luachanna coiteanna an Aontais, prionsabail na haontachta agus na héagsúlachta, chomh maith lena bhféiniúlacht chultúrtha, lena bhfeasacht chultúrtha agus lena n-oidhreacht shóisialta agus stairiúil.

CRITÉIR DHÁMHACHTANA

¹⁵⁵

<https://erasmus-plus.ec.europa.eu/document/implementation-guidelines-erasmus-and-european-solidarity-corps-inclusion-and-diversity-strategy>

Ábharthacht (scór uasta 25 pointe)	A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh: ▪ tá an togra ábhartha do chuspóirí agus do thosaíochtaí na Gníomhaíochta. Ina theannta sin, measfar go mbeidh an togra an-ábhartha más rud é go mbaineann na nithe seo a leanas leis: – tugtar aghaidh ar an tosaíocht ‘cuimsiú agus éagsúlacht’ leis; – I gcás tionscadail a bhainistíonn Gníomhaireachtaí Náisiúnta Erasmus+: más rud é go dtugtar aghaidh ar cheann amháin nó níos mó de na ‘Tosaíochtaí Eorpacha sa chomhthéacs náisiúnta’ leis, mar atá fógartha ag an nGníomhaireacht Náisiúnta; – I gcás tionscadail i réimsí an oideachais, na hoiliúna agus na hóige arna gcur faoi bhráid na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr ag ENGOanna: a mhéid a reáchtálann an t-iarratasóir gníomhaíochtaí lena dtacaítear le cur chun feidhme beartas ón Aontas i gceann de na hearnálacha sin. ▪ tá próifíl, taithí agus gníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí rannpháirteacha ábhartha maidir le réimse an iarratais; ▪ tá an togra bunaithe ar anailís fhíor leordhóthanach ar na riachtanais; ▪ is oiriúnach an togra chun sineirgí a chruthú idir réimsí éagsúla an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt nó d’fhéadfadh sé dul i gcion go mór ar cheann amháin nó níos mó de na réimsí sin; ▪ tá an togra nuálach; ▪ tá an togra comhlántach ar thionscnaimh eile atá déanta ag na heagraíochtaí rannpháirteacha cheana féin; ▪ tá breislúach ar leibhéal an Aontais ag baint leis an togra trí thorthaí nach bhfaighfí le gníomhaíochtaí arna ndéanamh in aon tír ar leith.
Cáilíocht dhearadh agus chur chun feidhme an tionscadail (scór uasta 30 pointe)	A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh: ▪ sainítear cuspóirí an tionscadail go soiléir, tá siad réalaíoch agus tugtar aghaidh leo ar riachtanais agus spriocanna na n-eagraíochtaí rannpháirteacha agus riachtanais na spriocghrúpaí; ▪ tá an mhodheolaíocht atá beartaithe soiléir, leordhóthanach agus indéanta: – tá plan oibre an tionscadail soiléir, iomlán agus éifeachtach, lena n-áirítear céimeanna iomchuí le haghaidh ullmhú, cur chun feidhme agus comhroinnt torthaí tionscadail; – tá an tionscadal costéifeachtach agus leithdháiltear acmhainní iomchuí ar gach gníomhaíocht leis; – moltar bearta rialaithe cáilíochta, monatóireachta agus meastóireachta iomchuí leis an tionscadal lena áirithiú gur cur chun feidhme ardcháilíochta a bheidh i gceist leis, go gcríochnófar in am é agus go gcloífear leis an mbuiséad; ▪ deartar na gníomhaíochtaí ar bhealach inrochtana agus cuimsitheach agus tá siad oscailte do dhaoine ar lú na deiseanna atá acu. ▪ cuimsítear leis an tionscadal úsáid uirlisí agus modhanna foghlama digiteacha chun a ngníomhaíochtaí fisiceacha a chomhlánú, agus chun feabhas a chur ar an gcomhar idir eagraíochtaí comhpháirtíochta. – Má tá ardáin ar líne Erasmus+ le fáil i réimse nó i réimsí na n-eagraíochtaí rannpháirteacha: a mhéid a bhaintear úsáid leis an tionscadal as ardáin ar líne Erasmus+ (an tArdán Eorpach um Oideachas Scoile, ina measc Ríomhnascadh, EPAL, Tairseach Eorpach na hÓige, an tArdán do Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh) mar uirlisí chun gníomhaíochtaí an tionscadail a

	ullmhú, a chur chun feidhme agus chun obair leantach a dhéanamh orthu. ▪ Deartar an tionscadal ar bhealach éiceabhách agus cuimsítear cleachtais ghlasa i gcéimeanna éagsúla de chuid an tionscadail Más rud é go mbeartaítear gníomhaíochtaí oiliúna, teagaisc nó foghlama sa tionscadal: ▪ a mhéid atá na gníomhaíochtaí sin iomchuí le haghaidh chuspóirí an tionscadail agus a mhéid a bheidh an phróifíl agus an líon iomchuí rannpháirtithe páirteach iontu; ▪ cáilíocht na socruithe praiticiúla, an bhainistithe agus na módúlachtaí tacaíochta i ngníomhaíochtaí foghlama, teagaisc agus oiliúna; ▪ cáilíocht na socruithe chun torthaí foghlama na rannpháirtithe a aithint agus a bhailíochtú, i gcomhréir le huirlisí agus prionsabail trédhearcachta agus aitheantais Eorpacha.
Cáilíocht na comhpháirtíochta agus na socruithe comhair (scór uasta 20 pointe)	A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh: ▪ cuimsítear leis an tionscadal meascán iomchuí eagraíochtaí rannpháirteacha ó thaobh próifíle, lena n-áirítear eagraíochtaí pobalbhunaithe, taithí roimhe seo ar an gClár agus saineolais chun cuspóirí uile an tionscadail a chur i gcrích; ▪ tá baint ag nuatheachtaithe agus eagraíochtaí ag a bhfuil níos lú taithí chuig an nGníomhaíocht leis an tionscadal ▪ leis an leithdháileadh tascanna atá beartaithe léirítear gealltanais agus rannchuidiú gníomhach na n-eagraíochtaí rannpháirteacha uile; ▪ cuimsítear leis an togra sásraí éifeachtacha le haghaidh comhair agus cumarsáide idir na heagraíochtaí rannpháirteacha agus idir geallsealbhóirí ábhartha eile chomh maith leis sin. ▪ Más infheidhme, a mhéid atá breisluach fíor-riachtanach ann le haghaidh an tionscadail mar gheall ar rannpháirtíocht eagraíochta rannpháirtí ó thír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár (mura gcomhlíontar an coinníoll seo, eisiafar an eagraíocht rannpháirteach ó thír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár ó thogra an tionscadail ar chéim an mheasúnúcháin).
Tionchar (scór uasta 25 pointe)	A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh: ▪ áirítear i dtogra an tionscadail céimeanna nithiúla agus loighciúla chun torthaí an tionscadail a lánpháirtiú in obair thráthrialta na n-eagraíochtaí rannpháirteacha; ▪ tá an cumas ag an tionscadal tionchar dearfach a imirt ar a rannpháirtithe agus ar eagraíochtaí rannpháirteacha, agus ar a bpobal níos leithne chomh maith leis sin; ▪ d'fhéadfaí na torthaí tionscadail a bhfuil coinne leo a úsáid lasmuigh de na heagraíochtaí atá rannpháirteach sa tionscadal i rith shaolré an tionscadail agus ina dhiaidh sin, agus ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó Eorpach; ▪ áirítear i dtogra an tionscadail céimeanna nithiúla agus éifeachtacha chun torthaí an tionscadail a chur in iúl laistigh de na heagraíochtaí rannpháirteacha, chun na torthaí a chomhroinnt le heagraíochtaí eile agus leis an bpobal, agus chun aitheantas poiblí a thabhairt don mhaoiniú ón Aontas; ▪ más ábhartha, a mhéid a thugtar tuairisc sa togra ar an gcaoi a ndéanfar na hábhair, na doiciméid agus na meáin a tháirgfear a chur ar fáil gan srian agus a chur chun cinn trí cheadúnais oscailte, agus nach bhfuil teorainneacha díreireacha ann; ▪ áirítear sa togra tionscadail céimeanna nithiúla éifeachtacha chun inbhuanaitheacht an tionscadail a áirithiú, mar aon leis an acmhainneacht atá ann leanúint de thionchar a bheith aige agus torthaí a tháirgeadh nuair a bheidh an deontas ón Aontas Eorpach idithe.

Ní mór do thograí 60 pointe ar a laghad a bhaint amach chun go gcuirfear san áireamh le haghaidh cistiúcháin iad. Thairis sin, ní mór dóibh leath an uaslín pointí ar a laghad a ghnóthú i ngach catagóir de na critéir dhámhachtana thuasluaite (is é sin, 12 phointe¹⁵⁶ ar a laghad le haghaidh na gcatagóirí ‘ábharthacht an tionscadail’ agus ‘tionchar’; 15 phointe le haghaidh na catagóire ‘cáilíocht dhearadh agus chur chun feidhme an tionscadail’ agus 10 bpointe le haghaidh na catagóire ‘cáilíocht na socruithe comhpháirtíochta agus comhair’).

I gcásanna ina bhfaigheann dhá iarratas nó níos mó an scór iomlán céanna (cásanna *ex aequo*), tabharfar tosaíocht do na scóir is airde le haghaidh ‘ábharthacht an tionscadail’ agus ansin ‘tionchar’.

CAD IAD NA RIALACHA CISTIÚCHÁIN ATÁ ANN?

Cuimsítear leis an tsamhail mhaoinithe atá beartaithe clár de 3 chnapshuim aonair, a chomhfhreagraíonn do mhéid iomlán an deontais don tionscadal: **EUR 120 000, EUR 250 000 agus EUR 400 000**. Roghnóidh na hiarratasóirí idir na 3 mhéid réamhshainithe de réir na ngníomhaíochtaí is mian leo a dhéanamh agus na torthaí is mian leo a bhaint amach.

Agus a dtionscadail á bpleanáil acu, beidh ar na heagraíochtaí is iarratasóirí – mar aon lena gcomhpháirtithe tionscadail – méid **na cnapshuime aonair a roghnú**, arb é an ceann is iomchuí é chun costais a dtionscadal a chumhdach, bunaithe ar a riachtanais agus ar a gcuspóirí. Má roghnaítear an tionscadal le haghaidh cistiú, tagann méid iarrtha na cnapshuime chun bheith ina mhéid deontais foriomlán.

Leis na tograí ní mór **tuairisc a thabhairt ar na ngníomhaíochtaí** a gheallann iarratasóirí a dhéanamh le méid iarrtha na cnapshuime agus ní mór dóibh prionsabail an gheilleagair, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta a chomhlíonadh.

Ba cheart an rogha maidir le méid na cnapshuime atá le iarraidh a bheith bunaithe ar mheastachán an iarratasóra féin ar chostas foriomlán an tionscadail. Agus iad ag tosú ón meastachán seo, ní mór d’iarratasóirí **an méid cnapshuime amháin is fearr a oireann dá gcuid riachtanas a roghnú** fad a chinntítear úsáid éifeachtúil na gcistí agus urramú an phrionsabail cómhaoinithe (is é sin, tá coinne leis go gcomhlánófar buiséid tionscadal le foinsí maoinithe eile agus, dá bhrí sin, beidh costas foriomlán measta an tionscadail níos airde ná méid seasta na cnapshuime a iarradh).

I gcás amhrais idir an dá mhéid, is féidir le hiarratasóirí: a) costas an tionscadail a laghdú, mar shampla trí bhealaí níos cost-éifeachtúla a aimsiú chun torthaí comhchosúla a bhaint amach nó trí líon/scála na ngníomhaíochtaí tionscadail a chur in oiriúint don bhuiséad; b) scála an tionscadail a mhéadú, mar shampla trí iarracht a dhéanamh níos mó rannpháirtithe a bhaint amach lena gcuid ngníomhaíochtaí, líon na ngníomhaíochtaí a mhéadú nó aschuir bhreise tionscadail a tháirgeadh.

Maidir le leordhóthanacht líon, raon feidhme agus chastacht na ngníomhaíochtaí tionscadail beartaithe i ndáil leis an méid a iarrtar, chomh maith lena n-ábharthacht i dtaca le cuspóirí an tionscadail, gnéithe tábhachtacha an mheasúnúcháin cáilíochta a bheidh iontu, i gcomhréir leis na critéir dhámhachtana a thuairiscítear thuas.

Ceanglais

Sa tuairisc ar an tionscadal áireofar **modheolaíocht tionscadail mhionsonraithe** le **dáileadh soiléir ar chúraimí** agus na **socruithe airgeadais i measc comhpháirtithe**, amlíne mhionsonraithe leis na príomhtháirgí insoláthartha/torthaí, an córas monatóireachta agus rialaithe agus na huirlisí a chuirtear i bhfeidhm chun cur chun feidhme tráthúil ghníomhaíochtaí an tionscadail a áirithiú.

¹⁵⁶ Toisc nach bhfuil pointí deachúlacha infheidhme maidir le measúnú na ngníomhaíochta seo, déantar an scór íosta do na critéir seo a shlánú síos go dtí 12 phointe.

Léireofar i modheolaíocht an tionscadail an anailís ag dul i dtreo **shainaithint na riachtanais**, socrú cuspóirí, an córas a chur i bhfeidhm chun **monatóireacht a dhéanamh** ar an tionscadal, sásra **dearbhaithe cáilíochta** agus **straitéis meastóireachta**. Mar chuid den straitéis mheastóireachta, ní mór d'iarratasóirí tacar de tháscairí **cainníochtúla** agus **cáilíochtúla** a shainaithint lena féidir measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú na dtáirgí insoláthartha/dtorthaí a tháirgtear le gnóthachtáil chuspóirí an tionscadail.

Le tuairisc an tionscadail déanfar idirdhealú idir pacáistí bainistíochta agus oibre an tionscadail le haghaidh an chur chun feidhme. Ní mór d'iarratasóirí gníomhaíochtaí an tionscadail a roinnt ina **'bpacáistí oibre'**.

Sainmhínítear pacáiste oibre mar thacar gníomhaíochtaí a rannchuidíonn le gnóthachtáil comhchuspóirí sonracha.

Tuairisceofar an nasc le cuspóirí sonracha agus táirgí insoláthartha go sonrach i gcás gach pacáiste oibre. Moltar d'iarratasóirí a dtionscadail a roinnt in 5 phacáiste oibre ar a mhéad, lena n-áirítear an ceann maidir le bainistíocht an tionscadail. Tá beartaithe leis an bpacáiste oibre bainistíochta tionscadail na gníomhaíochtaí cothrománacha is gá le haghaidh cur chun feidhme tionscadail a chumhdach, gníomhaíochtaí mar fhaireachán, comhordú, cumarsáid, meastóireacht agus bainistíocht riosca. 20 % den iomlán ar a mhéad a bheidh sa sciar den chnapshuim a shanntar do bhainistíocht tionscadail.

Leanfaidh measúnú na riachtanas sin prionsabal na comhréireachta: dá airde an méid a iarrtar, is ea is cruinne agus is cuimsithí a bheidh modheolaíocht an tionscadail.

Ceadaítear seirbhísí a chur amach ar fochonradh a fhad nach gcumhdaítear leo príomhghníomhaíochtaí ar a mbraitheann gnóthachtáil chuspóirí na gníomhaíochta go díreach. Sna cásanna sin, ní mór an méid a chuirtear sa bhuiséad le haghaidh seirbhísí a chur amach ar fochonradh a chur san áireamh sa tuairisc ar na gníomhaíochtaí a chumhdaítear faoin bhfochonradh.

Íocaíocht an Deontais

Is é cur i gcrích na ngníomhaíochtaí uile i gcomhréir leis na critéir cháilíochta a thuairiscítear san iarratas an coinníoll maidir le híocaíocht iomlán an deontais. I gcás nach gcuirtear gníomhaíocht amháin ná níos mó i gcrích, nach gcuirtear i gcrích ach go páirteach í nó iad nó ina meastar mar ghníomhaíocht mhíshásúil nó mar ghníomhaíochtaí míshásúla iad sa mheasúnú cháilíochta, is féidir go gcuirfear laghduithe iomchuí ar mhéid an deontais i bhfeidhm tráth chéim na tuarascála deiridh i gcás cur chun feidhme ar droch-chaighdeán, cur chun feidhme páirteach nó cur chun feidhme déanach toisc nach nglactar le pacáistí oibre aonair nó gníomhaíochtaí, nó toisc go laghdaítear an méid foriomlán faoi chéatadán ráta chomhréidh.

Tá measúnú na tuarascála deiridh bunaithe ar thuairiscí mionsonraithe ar gach gníomhaíocht a dhéantar, eolas cainníochtúil agus cáilíochtúil a léiríonn leibhéal gnóthachtála na gcuspoirí tionscadail a luadh san iarratas, cáilíocht thorthaí an tionscadail a uaslódáladh ar an Ardán le haghaidh Thorthaí na dTionscadal Erasmus+ agus féinmheasúnú ar na heagraíochtaí comhpháirtíochta.

COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ AR SCÁLA BEAG

Is é is aidhm do chomhpháirtíochtaí ar scála beag rochtain ar an gclár a leathnú chuig gníomhartha ar scála beag agus daoine aonair nach éasca freastal orthu i réimsí an oideachais scoile, an oideachais aosaigh, an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, na hóige agus an spóirt. Agus méideanna níos lú deontais á mbronnadh ar eagraíochtaí, tréimhse níos giorra agus ceanglais riaracháin níos simplithe i gceist i gcomparáid le Comhpháirtíochtaí Comhair, is é is aidhm don ghníomhaíocht seo freastal ar eagraíochtaí ar leibhéal an ghnáthphobail, ar eagraíochtaí ag a bhfuil níos lú taithí agus ar nuatheachtaithe chuig an gclár, agus bacainní iontrála roimh an gclár á laghdú le haghaidh eagraíochtaí ag a bhfuil acmhainneacht eagraíochtúil níos lú. Tacóidh an ghníomhaíocht seo le formáidí solúbtha freisin – ina measctar gníomhaíochtaí de chineál trasnáisiúnta agus náisiúnta ach a bhfuil éirim Eorpach acu freisin – rud a chuireann ar a gcumas d’eagraíochtaí úsáid a bhaint as modhanna breise chun teacht ar dhaoine ar lú na deiseanna atá acu. Féadfaidh comhpháirtíochtaí ar scála beag a bheith ina rannchuidiú freisin le cruthú agus forbairt líonraí trasnáisiúnta agus le sineirgí a chothú le beartais áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus eatarthu sin.

CUSPÓIRÍ NA GNÍOMHAÍOCHTA

- **Nuatheachtaithe, eagraíochtaí ag a bhfuil níos lú taithí agus gníomhaithe ar scála beag a mhealladh agus rochtain a leathnú dóibh.** Ba cheart do na comhpháirtíochtaí sin gníomhú mar an chéad chéim ag eagraíochtaí i dtreo an chomhair ar an leibhéal Eorpach.
- **Tacú le cuimsiú spriocghrúpaí ar lú na deiseanna atá acu**
- **Tacú leis an tsaoránacht Eorpach gníomhach agus an éirim Eorpach a thabhairt chuig an leibhéal áitiúil**

Ina theannta sin, tá feidhm ag príomhchuspóirí Comhpháirtíochtaí Comhair maidir le Comhpháirtíochtaí ar Scála Beag freisin, i gcomhréir le raon feidhme agus méid gach tionscadail:

- **Cur leis an gcáilíocht in obair agus i gcleachtais na n-eagraíochtaí agus na n-institiúidí lena mbaineann,** deiseanna a chur ar fáil do ghníomhaithe eile nach n-áirítear go nádúrtha laistigh d’earnáil amháin;
- **Cur le hinniúlacht eagraíochtaí** obair a dhéanamh go trasnáisiúnta agus thar earnálacha;
- **Dul i ngleic le riachtanais agus tosaíochtaí coiteanna i réimsí an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt;**
- **Claochlú agus athrú a chumasú** (ar leibhéal aonair, eagraíochtúil nó earnála), as a dtiocfaidh feabhsuithe, i gcomhréir le comhthéacs gach eagraíochta;

CÉ NA CRITÉIR ATÁ LE COMHLÍONADH CHUN IARRATAS A DHÉANAMH AR CHOMHPHÁIRTÍOCHT AR SCÁLA BEAG?

Ní mór do chomhpháirtíochtaí ar scála beag cloí leis na critéir seo a leanas le bheith incháilithe le haghaidh deontas Erasmus+:

CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Is féidir le haon eagraíocht rannpháirteach i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár a bheith ina hiarratasóir. Is í an eagraíocht sin a dhéanann iarratas thar ceann na n-eagraíochtaí rannpháirteacha uile atá páirteach sa tionscadal.
Cé na cineálacha eagraíochtaí atá incháilithe le bheith rannpháirteach sa tionscadal?	Is féidir le haon eagraíocht phoiblí nó phríobháideach¹⁵⁷, atá bunaithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár (féach an roinn ‘Tíortha incháilithe’ i gCuid A den Treoir seo), a bheith rannpháirteach i gComhpháirtíocht ar Scála Beag. Gan beann ar an réimse ar a dtéann an tionscadal i bhfeidhm, tá comhpháirtíochtaí ar scála beag oscailte d’aon chineál eagraíochta atá gníomhach in aon réimse oideachais, oiliúna, óige, spóirt nó earnáil shocheacnamaíoch eile, agus d’eagraíochtaí a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí atá trasnaí i réimsí éagsúla (mar shampla údarais áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta, lárionaid aitheantais agus bhailíochtaithe, comhlachais tráchtála, eagraíochtaí trádála, lárionaid treorach, eagraíochtaí cultúrtha agus spóirt). Ag brath ar an tosaíocht agus ar na cuspóirí a dtéann an tionscadal i ngleic leo, ba cheart do Chomhpháirtíochtaí ar Scála Beag an réimse comhpháirtithe is iomchuí agus is éagsúla a chuimsiú le go bhféadfaí tairbhe a bhaint as a n-eispéiris agus a bpróifílí éagsúla agus as a saineolas sonrach.
Líon agus próifíl na n-eagraíochtaí rannpháirteacha	Comhpháirtíocht thrasnáisiúnta is ea Comhpháirtíocht ar Scála Beag agus cuimsítear ann dhá eagraíocht ar a laghad ó dhá cheann éagsúla de Bhallstáit den Aontas nó tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Ní hann d’uaslíon eagraíochtaí rannpháirteacha i gcomhpháirtíocht amháin. Ní mór gach eagraíocht rannpháirteach a shainaithint tráth a chuirtear isteach ar dheontas.

¹⁵⁷ Chun críche na Gníomhaíochta, ní mheastar gur eagraíocht iad grúpaí neamhfhoirmiúla daoine óga, agus dá bhrí sin níl siad incháilithe le bheith rannpháirteach (mar iarratasóirí ná comhpháirtithe).

Tosaíochtaí a dtéitear i ngleic leo	Lena meas le haghaidh cistiúcháin, ní mór do Chomhpháirtíochtaí ar Scála Beag dul i ngleic le ceann amháin díobh seo a leanas: • tosaíocht chothrománach amháin ar a laghad agus/nó • tosaíocht shonrach amháin ar a laghad atá ábhartha maidir leis an réimse oideachais, oiliúna, óige agus spóirt is mó ar a dtéitear i bhfeidhm. Le haghaidh tionscadail i réimsí an ghairmoideachais agus gairmoiliúna, an oideachais scoile, an oideachais aosaigh agus na hóige a bhainistíonn Gníomhaireachtaí Náisiúnta Erasmus+, féadfaidh Gníomhaireachtaí Náisiúnta, i measc na dtosaíochtaí sin, níos mó airde a thabhairt orthu sin a bhfuil ábharthacht ar leith leo ina gcomhthéacs náisiúnta (ar a dtugtar ‘Tosaíochtaí Eorpacha sa chomhthéacs náisiúnta’). Ní mór do na Gníomhaireachtaí Náisiúnta iarratasóirí féideartha a chur ar an eolas go cuí trína suíomhanna gréasáin oifigiúla. Maidir le tionscadail i réimse an spóirt ní féidir aghaidh a thabhairt ach ar thosaíocht amháin (tosaíocht chothrománach nó tosaíocht shonrach).
Ionad nó ionaid na ngníomhaíochtaí	Ní mór gach gníomhaíocht de chuid Comhpháirtíocht ar Scála Beag a dhéanamh i dtíortha na n-eagraíochtaí atá rannpháirteach sa tionscadal. Ina theannta sin, i gcás ina bhfuil údar cuí leis i ndáil le cuspóirí nó cur chun feidhme an tionscadail, féadfar gníomhaíochtaí a reáchtáil freisin ag suíomh Institiúide de chuid an Aontais Eorpaigh¹⁵⁸, fiú amháin más fíor nach bhfuil sa tionscadal aon eagraíocht rannpháirteach ón tír a óstálann an Institiúid.
Fad an tionscadail	Idir 6 mhí agus 24 mhí. Ní mór an fad a roghnú ag céim an iarratais, bunaithe ar chuspóirí an tionscadail agus ar an gcineál gníomhaíochtaí atá beartaithe le himeacht aimsire. I gcásanna eisceachtúla, féadfar fad comhpháirtíochta ar scála beag a fhadú, arna iarraidh sin don tairbhí agus le comhaontú na Gníomhaireachta Náisiúnta nó Feidhmiúcháin. Sa chás sin, ní bheidh aon athrú ar an deontas iomlán.

¹⁵⁸ Is iad an Bhruiséil, Frankfurt, Lucsamburg, Strasbourg, agus an Háig suíomhanna Institiúidí an Aontais Eorpaigh

Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh?	Le haghaidh comhpháirtíochtaí ar scála beag i réimsí an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, an oideachais scoile, an oideachais aosaigh agus na hóige atá curtha isteach ag aon eagraíocht sna réimsí sin: - Faoi bhráid Gníomhaireacht Náisiúnta na tíre ina bhfuil an eagraíocht is iarratasóir bunaithe. Le haghaidh comhpháirtíochtaí ar scála beag i réimse an spóirt: - Faoi bhráid na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr, atá lonnaithe sa Bhruiséil. Uimhir aitheantais an Ghlaio: ERASMUS-SPORT-2023-SSCP Sa dá chás, ní fhéadfaidh an cuibhreannas céanna comhpháirtithe ach iarratas amháin a chur isteach agus ní fhéadfar ach iarratas a chur faoi bhráid Gníomhaireacht amháin in aghaidh an sprioc- ama¹⁵⁹.
Cathain is féidir iarratas a dhéanamh?	Le haghaidh comhpháirtíochtaí ar scála beag i réimsí an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, an oideachais scoile, an oideachais aosaigh agus na hóige atá curtha isteach ag aon eagraíocht sna réimsí sin: - Ní mór d'iarratasóirí a n- iarratas ar dheontas a chur isteach faoi 22 Márta ar 12:00:00 (meán lae am na Bruiséile) le haghaidh tionscadail dar tosach idir an 1 Meán Fómhair agus an 31 Nollaig sa bhliain chéanna faoi 4 Deireadh Fómhair ar 12:00:00 (meán lae am na Bruiséile) le haghaidh tionscadail dar tosach idir an 1 Eanáir agus an 31 Lúnasa an bhliain ina dhiaidh sin. Sprioc- am breise féideartha le haghaidh Comhpháirtíochtaí ar Scála Beag i réimse na hóige: Féadfaidh Gníomhaireachtaí Náisiúnta babhta eile le haghaidh iarratais ar thionscadail i réimse na hóige a eagrú, agus beidh feidhm ag na rialacha a leagtar amach sa Treoir seo ina leith freisin. Foilseoidh na Gníomhaireachtaí Náisiúnta faisnéis faoin bhféidearthacht sin ar a suíomh gréasáin. Má eagraítear an babhta breise, ní mór d'iarratasóirí a n- iarratais ar dheontas a chur isteach faoi 4 Bealtaine ar 12:00:00 (meán lae am na Bruiséile) le haghaidh tionscadail dar tosach idir an 1 Lúnasa agus an 31 Nollaig an bhliain chéanna

¹⁵⁹ Leis sin áirítear Gníomhaireachtaí Náisiúnta Erasmus+ agus an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA) araon atá lonnaithe sa Bhruiséil.

	Le haghaidh comhpháirtíochtaí ar scála beag i réimse an spóirt: Ní mór d'iarraitasóirí a n-iarraitas ar dheontas a chur isteach faoin 22 Márta ar 17:00:00
--	---

TIONSCADAL A BHUNÚ

Ceithre chéim atá i dtionscadal Comhpháirtíochta Comhair ar scála beag, agus cuirtear tús leo sula roghnaítear an togra tionscadail le haghaidh cistiúcháin fiú amháin: pleanáil, ullmhú, cur chun feidhme agus obair leantach. Ní mór d'eagraíochtaí rannpháirteacha agus rannpháirtithe atá páirteach sna gníomhaíochtaí ról gníomhach a ghlacadh sna céimeanna sin uile, rud a chuirfidh feabhas ar a n-eispéireas foghlama.

- Pleanáil (riachtanais, cuspóirí, torthaí tionscadail agus foghlama, formáidí na ngníomhaíochtaí, sceideal srl. a shainiú);
- ullmhú (pleanáil na ngníomhaíochtaí, forbairt cláir oibre, socruithe praiticiúla, deimhniú spriocghrúpa nó spriocghrúpaí na ngníomhaíochtaí atá beartaithe, comhaontuithe a chur ar bun le comhpháirtithe srl.);
- cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí;
- obair leantach (meastóireacht ar na gníomhaíochtaí agus ar a dtionchar ar leibhéil éagsúla, torthaí an tionscadail a chomhroinnt agus a úsáid).

D'fhéadfaí go gcuimseofaí faoi Chomhpháirtíochtaí ar Scála Beag eagrú gníomhaíochtaí foghlama, teagaisc agus oiliúna trasnáisiúnta do dhaoine agus do ghrúpaí daoine, a mhéid a chuireann siad le gnóthachtáil chuspóirí an tionscadail.

Le haghaidh comhpháirtíochtaí ar scála beag i réimse an spóirt, moltar ar a laghad club spóirt áitiúil nó réigiúnach amháin a áireamh sna tograí.

Gnéithe cothrománacha le cur san áireamh agus do thionscadal á dhearadh:

Anuas ar na critéir fhoirmiúla a chomhlíonadh agus socrú comhair inbhuanaithe a bhunú le gach comhpháirtí tionscadail, d'fhéadfadh na gnéithe seo a leanas cuidiú le tionchar agus cur chun feidhme cáilíochtúil comhpháirtíochtaí comhair a mhéadú. Moltar d'iarraitasóirí na deiseanna agus na héirimí sin a chur san áireamh agus tionscadail Comhpháirtíochta ar Scála Beag á ndearadh.

An Cuimsiú agus an Éagsúlacht

Leis an gClár Erasmus+ féachtar leis an gcomhionannas deiseanna a chur chun cinn ar fud a ghníomhaíochtaí uile agus féachtar leis an rochtain, leis an gcuimsiú, agus leis an gcothroime a chur chun cinn leis sin freisin. Chun na prionsabail sin a chur chun feidhme, ceapadh Straitéis um Chuiimsiú agus Éagsúlacht¹⁶⁰ chun tacú níos fearr le for-rochtain ar rannpháirtithe ó chúlraí níos éagsúla, go háirithe iad sin ar lú na deiseanna atá acu agus a bhfuil bacainní roimh a rannpháirtíocht i dTionscadail Eorpacha. Oireann comhpháirtíochtaí ar scála beag d'obair maidir leis an gcuimsiú agus leis an éagsúlacht mar ábhar an tionscadail, go háirithe, chomh maith le tuilleadh forbartha ar chleachtais agus

¹⁶⁰ <https://erasmus-plus.ec.europa.eu/document/implementation-guidelines-erasmus-and-european-solidarity-corps-inclusion-and-diversity-strategy>

modhanna cuimsitheacha atá íogair ó thaobh na héagsúlachta de, i gcomhréir leis an tosaíocht beartais chomhfhreagrach don ghníomhaíocht. Chomh maith leis sin, ar bhealach atá neamhspleách ar théama a dtionscadal, ba cheart d’eagraíochtaí gníomhaíochtaí tionscadail inrochtana agus cuimsitheacha a dhearadh, agus ba cheart dearcadh rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu a chur san áireamh agus ról a thabhairt dóibh sa chinnteoireacht ar fud an phróisis uile.

Inbhuaine comhshaoil

Ba cheart tionscadail a dhearadh ar bhealach éiceabhách agus gach gné de chleachtais ghlasa a chuimsiú iontu. Ba cheart d’eagraíochtaí agus do rannpháirtithe cur chuige atá neamhdhíobhálach don chomhshaoil a ghlacadh agus an tionscadal á dhearadh acu, rud a spreagfaidh gach duine atá páirteach sa tionscadal chun saincheisteanna comhshaoil a phlé agus foghlaim fúthu, machnamh a dhéanamh faoinar féidir a dhéanamh ar leibhéal éagsúla agus cuidiú le heagraíochtaí agus le rannpháirtithe cuimhneamh ar bhealaí malartacha atá níos glaise le gníomhaíochtaí tionscadail a chur chun feidhme.

An éirim dhigiteach

Tá an comhar fíorúil agus tástáil deiseanna foghlama fíorúla agus cumaisc ríthábhachtach do Chomhpháirtíochtaí rathúla ar Scála Beag. Go háirithe, moltar go láidir do thionscadail i réimse an oideachais scoile agus an oideachais aosaigh úsáid a bhaint as an Ardán Eorpach um Oideachas Scoile, Ríomhnascadh agus an tArdán don fhoghlaim aosach (EPALE) chun a bheith ag obair le chéile, i rith na ngníomhaíochtaí tionscadail agus ina ndiaidh. Moltar go láidir do thionscadail i réimse na hóige úsáid a bhaint as Tairseach Eorpach na hÓige agus as an Ardán do Straitéis Óige an Aontais chun bheith ag obair le chéile roimh na gníomhaíochtaí tionscadail, lena linn agus ina ndiaidh.

Rannpháirtíocht agus gníomhaíocht shibhialta

Tacaíonn an Clár le rannpháirtíocht agus comhpháirteachas gníomhach ar fud a ghníomhaíochtaí. Ba cheart do thionscadail Comhpháirtíochta ar Scála Beag deiseanna a thairiscint do rannpháirtíocht daoine sa saol daonlathach agus do rannpháirtíocht shóisialta agus shaoránach. Díreofar freisin ar fheasacht a mhúscailt ar chomhthéacs an Aontais Eorpaigh agus ar an tuiscint ar an gcomhthéacs sin a mhéadú, go háirithe a mhéid a bhaineann le luachanna coiteanna an Aontais, prionsabail na haontachta agus na héagsúlachta, chomh maith lena bhféiniúlacht chultúrtha, lena bhfeasacht chultúrtha agus lena n-oidhreacht shóisialta agus stairiúil.

CRITÉIR DHÁMHACHTANA

Ábharthacht an tionscadail (scór uasta 30 pointe)	A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh: ▪ tá an togra tionscadail ábhartha do chuspóirí agus do thosaíochtaí na Gníomhaíochta. Ina theannta sin, measfar go mbeidh an togra an-ábhartha más rud é go mbaineann na nithe seo a leanas leis: – tugtar aghaidh ar an tosaíocht ‘cuimsiú agus éagsúlacht’ leis; – I gcás tionscadail a bhainistíonn Gníomhaireachtaí Náisiúnta Erasmus+: más rud é go dtugtar aghaidh ar cheann amháin nó níos mó de na ‘Tosaíochtaí Eorpacha sa chomhthéacs náisiúnta’ leis, mar atá fógartha ag an nGníomhaireacht Náisiúnta; ▪ tá próifíl, taithí agus gníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí rannpháirteacha ábhartha maidir le réimse an iarrtais; ▪ tá breisluach ar leibhéal an Aontais Eorpaigh ag baint leis an togra trí acmhainneacht eagraíochtaí a fhorbairt le gabháil don chomhar trasteorann agus don líonrú.
---	---

Cáilíocht dhearadh agus chur chun feidhme an tionscadail (scór uasta 30 pointe)	A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh: ▪ sainítear cuspóirí an tionscadail go soiléir, tá siad réalaíoch agus téann siad i ngleic le riachtanais agus le spriocanna na n-eagraíochtaí rannpháirteacha agus le riachtanais na spriocghrúpaí; ▪ deartar na gníomhaíochtaí ar bhealach inrochtana agus cuimsitheach agus tá siad oscailte do dhaoine ar lú na deiseanna atá acu. ▪ tá an mhodheolaíocht atá beartaithe soiléir, leordhóthanach agus indéanta: – tá plan oibre an tionscadail soiléir, iomlán agus éifeachtach, lena n-áirítear céimeanna iomchuí le haghaidh ullmhú, cur chun feidhme agus comhroinnt torthaí tionscadail; – tá an tionscadal costéifeachtach agus leithdháiltear acmhainní iomchuí ar gach gníomhaíocht leis; ▪ cuimsítear leis an tionscadal úsáid uirlisí agus modhanna foghlama digiteacha chun cur lena ngníomhaíochtaí fisiciúla, agus chun feabhas a chur ar an gcomhar le heagraíochtaí comhpháirtíochta ○ Más infheidhme: a mhéid a bhaintear úsáid leis an tionscadal as ardáin ar líne Erasmus+ (an tArdán Eorpach um Oideachas Scoile, ina measc EPALE, Tairseach Eorpach na hÓige, an tArdán do Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh) mar uirlisí chun gníomhaíochtaí an tionscadail a ullmhú, a chur chun feidhme agus chun obair leantach a dhéanamh orthu. ▪ Deartar an tionscadal ar bhealach éiceabhách agus cuimsítear cleachtais ghlasa i gcéimeanna éagsúla de.
Cáilíocht na comhpháirtíochta agus na socrúithe comhair (scór uasta 20 pointe)	A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh: ▪ cuimsítear leis an tionscadal meascán iomchuí eagraíochtaí rannpháirteacha ó thaobh próifíle de; ▪ tá baint ag nuatheachtaithe agus eagraíochtaí ag a bhfuil níos lú taithí chuig an nGníomhaíocht leis an tionscadal; ▪ leis an leithdháileadh tascanna atá beartaithe léirítear gealltanais agus rannchuidiú gníomhach na n-eagraíochtaí rannpháirteacha uile; ▪ cuimsítear leis an togra sásraí éifeachtacha le haghaidh comhar agus cumarsáid idir na heagraíochtaí rannpháirteacha.
Tionchar (scór uasta 20 pointe)	A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh: ▪ áirítear i dtogra an tionscadail céimeanna nithiúla agus loighciúla chun torthaí an tionscadail a lánpháirtiú in obair thráthrialta na heagraíochta rannpháirtí; ▪ tá an acmhainneacht ag an tionscadal dul i gcion ar a rannpháirtithe agus ar eagraíochtaí rannpháirteacha ar bhealach dearfach, chomh maith leis an bpobal níos leithne; ▪ áirítear i dtogra an tionscadail bealach iomchuí chun meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí an tionscadail; ▪ áirítear i dtogra an tionscadail céimeanna nithiúla agus éifeachtacha chun torthaí an tionscadail a chur in iúl laistigh de na heagraíochtaí rannpháirteacha, chun na torthaí a chomhroinnt le heagraíochtaí eile agus leis an bpobal, agus chun aitheantas poiblí a thabhairt don mhaoiniú ón Aontas.

Ní mór do thograí 60 pointe ar a laghad a bhaint amach chun go gcuirfear san áireamh le haghaidh cistiúcháin iad. Thairis sin, ní mór dóibh leath na bpointí scóir uasta ar a laghad a ghnóthú i ngach catagóir de na critéir dhámhachtana thuasluaite (is é sin, 15 phointe ar a laghad le haghaidh na gcatagóirí 'ábharthacht an tionscadail' agus 'cáilíocht dhearadh agus chur chun feidhme an tionscadail'; 10 bpointe le haghaidh na gcatagóirí 'cáilíocht na comhpháirtíochta agus na socruithe comhair' agus 'tionchar').

I gcásanna ina bhfaigheann dhá iarratas nó níos mó an scór iomlán céanna (cásanna *ex aequo*), tabharfar tosaíocht do na scóir is airde le haghaidh 'ábharthacht an tionscadail' agus ansin 'tionchar'.

CAD IAD NA RIALACHA CISTIÚCHÁIN ATÁ ANN?

Cuimsítear leis an tsamhail mhaoinithe atá beartaithe clár de dhá chnapshuim fhéideartha, a chomhfhreagraíonn do mhéid iomlán an deontais le haghaidh an tionscadail. Roghnóidh na hiarratasóirí idir an dá shuim réamhshainithe de réir na ngníomhaíochtaí is mian leo a dhéanamh agus na torthaí is mian leo a bhaint amach:

Méideanna na gcnapshuimeanna aonair:

- EUR 30 000
- EUR 60 000

Agus a dtionscadail á bpleanáil acu, beidh ar na heagraíochtaí is iarratasóirí – mar aon lena gcomhpháirtithe tionscadail – méid **na cnapshuime aonair a roghnú**, arb é an ceann is iomchuí é chun costais a dtionscadal a chumhdach, bunaithe ar a riachtanais agus ar a gcuspóirí. Má roghnaítear an tionscadal le haghaidh cistiú, tagann méid iarrtha na cnapshuime chun bheith ina mhéid deontais foriomlán.

Leis na tograí ní mór **tuairisc a thabhairt ar na ngníomhaíochtaí** a gheallann iarratasóirí a dhéanamh le méid iarrtha na cnapshuime agus ní mór dóibh prionsabail an gheilleagair, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta a chomhlíonadh.

Ba cheart an rogha maidir le méid na cnapshuime atá le hiarraidh a bheith bunaithe ar mheastachán an iarratasóra féin ar chostas foriomlán an tionscadail. Agus iad ag tosú ón meastachán seo, ní mór d'iarratasóirí an méid is fearr a oireann dá gcuid riachtanas a roghnú fad a chinntítear úsáid éifeachtúil na gcistí agus urramú an phrionsabail cómhaoinithe (is é sin, tá coinne leis go gcomhlánófar buiséid tionscadal le foinsí maoinithe eile agus, dá bhrí sin, beidh costas foriomlán measta an tionscadail níos airde ná méid seasta na cnapshuime a iarradh).

I gcás amhrais idir an dá mhéid, is féidir le hiarratasóirí: a) costas an tionscadail a laghdú, mar shampla trí bhealaí níos cost-éifeachtúla a aimsiú chun torthaí comhchosúla a bhaint amach nó trí líon/scála na ngníomhaíochtaí tionscadail a chur in oiriúint don bhuiséad; b) scála an tionscadail a mhéadú, mar shampla trí iarracht a dhéanamh níos mó rannpháirtithe a bhaint amach lena gcuid ngníomhaíochtaí, líon na ngníomhaíochtaí a mhéadú nó aschuir bhreise tionscadail a tháirgeadh.

Maidir le leordhóthanacht líon, raon feidhme agus chastacht na ngníomhaíochtaí tionscadail beartaithe i ndáil leis an méid a iarrtar, chomh maith lena n-ábharthacht i dtaca le cuspóirí an tionscadail, gnéithe tábhachtacha an mheasúnúcháin cáilíochta a bheidh iontu, i gcomhréir leis na critéir dhámhachtana a thuairiscítear thuas.

CEANGLAIS

Ós rud é gur uirlis atá i gcomhpháirtíochtaí ar scála beag chun nuatheachtaithe agus eagraíochtaí ag a bhfuil níos lú taithí a chuimsiú sa chlár agus chun rochtain a thabhairt dóibh air, beidh an leibhéal faisnéise is gá chun iarratas a

dhéanamh ar dheontas faoin ngníomhaíocht seo simplí, agus comhlíontacht le rialacha Rialachán Airgeadais an Aontais á háirithiú san am céanna. Dá bhrí sin, áireofar i dtuairisc an tionscadail an méid seo a leanas:

- Cuspóirí
- Gníomhaíochtaí beartaithe
- Torthaí a bhfuil coinne leo

Ní mór na cuspóirí, na gníomhaíochtaí agus na torthaí atá beartaithe a bheith nasctha go soiléir le chéile agus a bheith curtha in iúl ar bhealach soiléir. Áireofar sna hiarratais amlíne thionscadail ghinearálta leis an dáta a bhfuil coinne leis go gcuirfear na príomhghníomhaíochtaí i gcrích.

Ba cheart d'iarratasóirí faisnéis leordhóthanach a sholáthar maidir le plean an bhuiséid ionas gur féidir le meastóirí measúnú a dhéanamh ar a iomchuí agus atá gach gníomhaíocht, chomh maith le comhleanúnachas gach gníomhaíochta le cinn eile.

Ní mór liosta a thabhairt i **mbuiséad an tionscadail** de na gníomhaíochtaí tionscadail atá beartaithe agus ní mór an chuid den deontas a leithdháiltear ar gach gníomhaíocht a léiriú.

Ceadaítear seirbhísí a chur amach ar fochonradh a fhad nach gcumhdaítear leo príomhghníomhaíochtaí ar a mbraitheann gnóthachtáil chuspóirí na gníomhaíochta go díreach. Sna cásanna sin, ní mór an méid a chuirtear sa bhuiséad le haghaidh seirbhísí a chur amach ar fochonradh a chur san áireamh sa tuairisc ar na gníomhaíochtaí a chumhdaítear faoin bhfochonradh.

Íocaíocht an deontais

Is é cur i gcrích na ngníomhaíochtaí uile i gcomhréir leis na critéir cháilíochta a thuairiscítear san iarratas an coinníoll maidir le híocaíocht iomlán an deontais. I gcás nach gcuirtear gníomhaíocht amháin ná níos mó i gcrích, nach gcuirtear i gcrích ach go páirteach í nó iad nó ina meastar mar ghníomhaíocht mhíshásúil nó mar ghníomhaíochtaí míshásúla iad sa mheasúnú cháilíochta, is féidir go gcuirfear laghduithe iomchuí ar mhéid an deontais i bhfeidhm tráth chéim na tuarascála deiridh i gcás cur chun feidhme ar droch-chaighdeán, cur chun feidhme páirteach nó cur chun feidhme déanach toisc nach nglactar le gníomhaíochtaí, nó toisc go laghdaítear an méid foriomlán faoi chéatadán ráta chomhréidh.

Tá measúnú na tuarascála deiridh bunaithe ar thuairiscí mionsonraithe ar gach gníomhaíocht a dhéantar, eolas a léiríonn leibhéal gnóthachtála na gculpóirí tionscadail a luadh san iarratas, cáilíocht thorthaí an tionscadail a uaslódáladh ar an Ardán le haghaidh Thorthaí na dTionscadal Erasmus+ agus féinmheasúnú ar na heagraíochtaí comhpháirtíochta.

COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ BARR FEABHAIS

CAD IAD COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ BARR FEABHAIS?

Tacaíonn Comhpháirtíochtaí Barr Feabhais le tionscadail lena mbaineann peirspictíocht fhadtéarmach inbhuanaithe. Tacaítear leis na gníomhaíochtaí seo a leanas faoin gcineál comhpháirtíochta seo:

- Ionaid Barr Feabhais
- Gníomhaíocht Erasmus Mundus:
 - Comhchéim Mháistir Erasmus Mundus agus
 - Bearta Deartha Erasmus Mundus.

Bainistítear na gníomhaíochtaí tríd an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA).

IONAID BARR FEABHAIS GAIRME

Tá cur chun feidhme cur chuige maidir le barr feabhais gairme lárnach i gclár oibre foriomlán beartais an Aontais le haghaidh scileanna agus Gairmoideachais agus Gairmoiliúna (VET). Maidir leis an gClár Oibre Eorpach do Scileanna Nua, an Limistéar Eorpach Oideachais, an Moladh ón gComhairle, 2020, maidir le Gairmoideachas agus Gairmoiliúint¹⁶¹, chomh maith le Dearbhú Osnabrück¹⁶², tá tagairtí soiléire iontu ar fad don Bharr Feabhais Gairme mar spreagadh d'athchóirithe in earnáil an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna.

Is é is aidhm don tionscnamh maidir le hIonaid Barr Feabhais Gairme freagairt don tosaíocht beartais seo a thacaíonn le hathchóirithe in earnáil an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, lena gcinnteofar scileanna agus inniúlachtaí ardcháilíochta as a dtagann fostaíocht ardcháilíochta agus deiseanna ar feadh na gairme lena gcomhlíontar riachtanais geilleagair nuálaigh, chuimsithigh agus inbhuanaithe¹⁶³. Tacaíonn tionscnamh an Ionaid Barr Feabhais Gairme le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, na Straitéis Digití nua, na Straitéise Tionsclaíche nua agus na Straitéise FBM nua, toisc go bhfuil scileanna lárnach iontu.

Oibríonn Ionaid Barr Feabhais Gairme i gcomhthéacs áitiúil áirithe, ag cruthú éiceachórais scileanna don nuálaíocht, don fhorbairt réigiúnach agus don chuimsiú sóisialta, agus ag obair le hionaid barr feabhais gairme i dtíortha eile trí líonraí comhoibríocha idirnáisiúnta. Bunaítear leo cur chuige ón mbun aníos i leith barr feabhais gairme ina bhfuil raon leathan geallsealbhóirí áitiúla rannpháirteach ag cur ar chumas institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna an soláthar scileanna a chur in oiriúint go gasta chun freastal ar riachtanais eacnamaíocha agus shóisialta athraitheacha.

Cuireann siad deiseanna ar fáil le haghaidh oiliúint tosaigh daoine óga chomh maith le leanúint le huas-sciliú agus athsciliú daoine fásta, trí thairiscint oiliúna atá solúbtha agus tráthúil agus a fhreastalaíonn ar riachtanais margaidh soláthair dhinimiciúil, i gcomhthéacs na n-aistrithe glasa agus digiteacha. Gníomhaíonn siad mar spreagthóirí d'fhorbairt agus do nuálaíocht ghnó áitiúil, trí obair dhlúth a dhéanamh le cuideachtaí (FBManna go háirithe) ar thionscadail taighde fheidhmigh, ag cruthú mol eolais agus nuálaíochta, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh fiontraíochta a bhfoghlaimeoirí.

'Cóineasú aníos' bharr feabhais an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna is aidhm do na líonraí. Féadfaidh tíortha ag a bhfuil córais barr feabhais gairme dea-fhorbartha páirt a ghlacadh iontu, chomh maith leis na tíortha sin ina bhfuil cineálacha chuige comhchosúla á bhforbairt faoi láthair, arb é is aidhm dóibh fiosrú a dhéanamh ar lánacmhainneacht institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna chun ról réamhghníomhach a ghlacadh chun tacú leis an bhfás agus leis an nuálaíocht.

Cuireann an tionscnamh sin **'Éirim Eorpach'** leis an mBarr Feabhais Gairme trí thacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí an Aontais maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint, beartais agus gníomhaíochtaí a chomhaontaítear le Ballstáit, comhpháirtithe sóisialta agus soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna.

Saintréith de choincheap an Bharr Feabhais Gairme atá molta is ea cur chuige **iomlánaíoch dírithe ar an bhfoghlaimeoir** ina bhfuil an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint:

- Ina gcuid chomhtháite d'**éiceachórais scileanna**¹⁶⁴, ina gcuireann siad leis an bhforbairt réigiúnach¹⁶⁵,

¹⁶¹ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32020H1202%2801%29>

¹⁶² https://www.cedefop.europa.eu/files/osnabrueck_declaration_eu2020.pdf

¹⁶³ Féach an bhileog eolais ar [Scileanna gairmoideachais agus gairmoiliúna don lá inniu agus don todhchaí](#)

¹⁶⁴ Is é an sainmhíniú atá ar **éiceachórais scileanna** foirmithe sóisialta réigiúnacha nó earnála ina bhforbraítear agus ina n-úsáidtear cumas an duine chun críocha táirgeachta (Finegold 1999). Is iad timpeallachtaí gnó agus samhlacha gnó comhlachaithe, creataí institiúideacha/beartas, modhanna chun saothar a úsáid, struchtúr post, chomh maith leis an leibhéal scileanna agus córas dá bhfoirmithe a mbunghnéithe ([Buchanan et al. 2001](#)). Féach [A guide to the skill ecosystem approach to workforce development](#)

nuálaíocht¹⁶⁶, speisialú cliste¹⁶⁷ agus straitéisí braislí¹⁶⁸, chomh maith le slabhraí luacha sonracha agus éiceachórais thionsclaíoch¹⁶⁹;

- Ina gcuid de **thriantáin an eolais**¹⁷⁰, ag obair go dlúth le hearnálacha oideachais agus oiliúna eile, le pobal na heolaíochta, agus le gnólachtaí;
- Ag cur ar chumas foghlaimoirí inniúlachtaí **gairme** (post-sonrach) chomh maith le **príomhinniúlachtaí**¹⁷¹ a shealbhú trí **sholáthar ardcháilíochta** a bhfuil dearbhú ardcháilíochta mar bhonn taca faoi;
- Ag cruthú **cineálacha nuálacha comhpháirtíochtaí**¹⁷² le saol na hoibre, agus a dtacóidh forbairt ghairmiúil leanúnach na mball foirne teagaisc agus oiliúna, oideolaíochtaí nuálacha, agus straitéisí soghluaisteachta foghlaimoirí agus ball foirne agus idirnáisiúnaithe gairmoideachais agus gairmoiliúna leis.

CUSPÓIRÍ NA GNÍOMHAÍOCHTA

Leis an ngníomhaíocht seo, tacaítear le líonraí idirnáisiúnta comhair **d'Ionaid Barr Feabhais Gairme** a bhunú agus a fhorbairt de réir a chéile.

Feidhmeoidh Ionaid Barr Feabhais Gairme ar dhá leibhéal:

1. **Ar an leibhéal náisiúnta** agus réimse leathan geallsealbhóirí áitiúla rannpháirteach, ag cruthú éiceachórais scileanna don nuálaíocht áitiúil, don fhorbairt réigiúnach agus don chuimsiú sóisialta, agus ag obair le hionaid barr feabhais gairme i dtíortha eile trí líonraí comhoibríocha idirnáisiúnta.
- 2) **Ar an leibhéal idirnáisiúnta** ag tabhairt Ionaid Barr Feabhais Gairme le chéile, ionaid ag a bhfuil leas coiteann sna nithe a leanas:
 - earnálacha sonracha¹⁷³ nó éiceachórais thionsclaíoch¹⁷⁴,
 - cineálacha cur chuige nuálacha chun dul i ngleic le dúshlán eacnamaíoch agus shochaíoch (mar shampla, an t-athrú aeráide, digitiú, intleacht shaorga, spriocanna forbartha inbhuanaithe¹⁷⁵, lánpháirtiú imirceach agus grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste, uas-sciliú daoine a bhfuil leibhéal íseal cáilíochtaí acu, srl.), nó
 - cur chuige nuálach chun for-rochtain, cáilíocht agus éifeachtacht ionad barr feabhais gairme a mhéadú.

¹⁶⁵ **Beartas um Fhorbairt Réigiúnach** – [Forbairt réigiúnach](#), is téarma leathan é sin ach is féidir é a mheas mar iarracht ghinearálta chun éagthroamaíochtaí réigiúnacha a laghdú trí thacaíocht a thabhairt (fostaíocht agus giniúint saibhris) do ghníomhaíochtaí eacnamaíoch a réigiúin

¹⁶⁶ **Nuálaíocht**, is é sin cur chun feidhme táirge (earra nó seirbhís) nua nó táirge (earra nó seirbhís) ar a ndearnadh feabhas suntasach, nó cur chun feidhme próisis, modha margaíochta nua, nó modha eagraíochtúil nua i gcleachtais ghnó, in eagrú ionaid oibre nó i gcaidrimh sheachtracha

¹⁶⁷ **Speisialú Cliste**, is cur chuige áitbhunaithe é arb é is saintréith dó réimsí straitéiseacha a shainaithint le haghaidh idirghabhála bunaithe ar anailís ar bhuanna agus acmhainn an gheilleagair agus ar Phróiseas Fionnachtana Fiontraíochta a bhfuil go leor geallsealbhóirí rannpháirteach ann. Tá sé oscailte agus glacann sé le tuisceant leathan ar an nuálaíocht, an méid seo a leanas san áireamh

¹⁶⁸ **Braislí** tionsclaíoch, is grúpaí d'fhiontair speisialaithe, FBManna de ghnáth, agus gníomhairí gaolmhara a dtacaítear leo i suíomh a oibríonn i gcomhar go dlúth iad. Tá thart ar 3,000 braisle speisialaithe san Eoraip. Aithníonn beartas tionsclaíoch athnuaite an Aontais na braislí mar uirlis chumhachtach chun tacú le nuálaíocht thionsclaíoch. Féach [Ardán Comhair do Bhraislí Fiontar Eorpacha](#) (ECCP).

¹⁶⁹ Féach [14 éiceachóras thionsclaíoch](#) mar a thugtar tuairisc air sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Updating the 2020 New Tionsclaíochta Strategy*, chomh maith le SWD(2021) 351, [Annual Single Market Report 2021](#)

¹⁷⁰ Féach [Education in the knowledge triangle](#)

¹⁷¹ Mar a shainmhínítear sa [Mholadh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 dar teideal key competences for lifelong learning](#)

¹⁷² Féach obair Fhondúireacht Oiliúna na hEorpa dar teideal [Public-Private Partnerships for inclusive skills development](#)

¹⁷³ Féach mar shampla [an Chomhpháirtíocht Eorpach um Nuáil](#) talmhaíochta (EIP- AGRI) a oibríonn chun feirmeoireacht agus foraoiseacht iomaíoch inbhuanaithe a chothú

¹⁷⁴ Féach [14 éiceachóras thionsclaíoch](#) mar a thugtar tuairisc air sa [Teachtairacht ón gCoimisiún dar teideal Updating the 2020 New Tionsclaíochta Strategy](#), chomh maith le SWD(2021) 351, [Annual Single Market Report 2021](#)

¹⁷⁵ Féach Dearbhú Bheirlín maidir le [hOideachas le haghaidh SFI](#)

Tabharfaidh na líonraí ionaid barr feabhais gairme atá ann cheana le chéile, nó forbróidh siad samhail an Bharr Feabhais Gairme trí chomhpháirtithe ó thíortha éagsúla a nascadh, comhpháirtithe a bhfuil sé beartaithe acu Barr Feabhais Gairme a fhorbairt ina gcomhthéacsanna áitiúla le comhar idirnáisiúnta. D'fhéadfaidís cur leis an gcéim soláthair den tionscnamh Bauhaus Eorpach Nua¹⁷⁶ mar shampla trí obair a dhéanamh i gcomhar leis na pobail atá páirteach sna claochluithe áitiúla a chothaítear leis an tionscnamh.

Ní hé atá beartaithe go dtógfadh Ionaid Barr Feabhais Gairme institiúidí ná bonneagar nua gairmoideachais agus gairmoiliúna as an nua (ach féadfaidh siad déanamh amhlaidh). Féadann siad a bheith ina scoileanna/soláthraithe gairme atá ann cheana a bhfuil sé d'aidhm acu barr feabhais a bhaint amach trí bheith rannpháirteach i dtacar gníomhaíochtaí arna mholadh ag an tionscnamh Eorpach seo. Féadann ionaid barr feabhais gairme a bheith ina n-ionaid nuabhunaithe a bunaíodh chun tairiscintí agus seirbhísí oiliúna barr feabhais a fhreagraíonn do riachtanais an mhargaidh saothair a chur ar fáil.

Baineann ionaid barr feabhais gairme a gcuspóirí amach trí comhpháirtithe áitiúla/réigiúnacha a thabhairt le chéile agus obair a dhéanamh go dlúth. I measc na gcomhpháirtithe áitiúla/réigiúnacha sin tá soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna tosaigh agus leanúnaí, institiúid ardoideachais amhail ollscoileanna eolaíochtaí feidhmiúla agus polaiteicnicí, institiúidí taighde, páirceanna eolaíochta, gníomhaireachtaí nuálaíochta, cuideachtaí, comhlachais agus na comhlachais a ghabhann leo, comhpháirtithe sóisialta, fiontair shóisialta, comhairlí um scileanna earnála, comhlachais ghairmiúla/earnála, údaráis náisiúnta agus réigiúnacha agus gníomhaireachtaí forbartha, seirbhísí fostaíochta, údaráis cáilíochtaí, eagraíochtaí cuimsithe sóisialta agus ath-lánpháirtithe, srl.

Leis an nglao seo, tacófar le tionscadail a thugann le chéile comhpháirtithe áitiúla nó réigiúnacha ó thíortha éagsúla a fhorbraíonn tacar gníomhaíochtaí faoi thrí bhráisle; 1) Teagasc agus foghlaim, 2) Comhar agus comhpháirtíochtaí, agus 3) Rialachas agus maoiniú.

Tá Ionaid Barr Feabhais Gairme dírithe ar eagraíochtaí ina soláthraítear gairmoideachas agus gairmoiliúint, ar aon cheann de leibhéil EQF idir 3 agus 8, lena n-áirítear an leibhéal meánscoile uachtaraí, an leibhéal iar-mheánscoile neamhthreasach mar aon leis an leibhéal treasach (mar shampla Ollscoileanna eolaíochtaí feidhmeacha, Institiúidí polaiteicnice, srl.).

Mar sin féin, ní féidir ach gníomhaíochtaí ina ndírítear ar fhoghlaimeoirí ar an tríú leibhéal amháin a áireamh in iarratais; ní mór leibhéal cáilíochta gairmoideachais agus gairmoiliúna amháin eile ar a laghad idir leibhéil 3 agus 5 de EQF, chomh maith le comhchuid láidir foghlama obairbhunaithe¹⁷⁷, a áireamh in iarratais atá dírithe ar an ngairmoideachais agus ar an ngairmoiliúint ar an leibhéal iar-mheánscoile (leibhéil 6 go 8 de EQF).

CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Chun bheith incháilithe le haghaidh deontas Erasmus+, ní mór do thograí tionscadail le haghaidh Ionaid Barr Feabhais Gairme na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

¹⁷⁶ https://europa.eu/new-european-bauhaus/index_en

¹⁷⁷ De réir shainmhíniú Cedefop, leis an bhfoghlaim obairbhunaithe tagraítear d'eolas agus do scileanna a fhaightear trí chúraim a dhéanamh – agus machnamh a dhéanamh orthu – i gcomhthéacs gairm, ag an áit oibre [...] nó in institiúid gairmoideachais agus gairmoiliúna. Le haghaidh an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna tosaigh, de réir na tuarascála ón gCoimisiún ón 2013 (**Work-based learning in Europe: Practices and Policy pointers** [An fhoghlaim obairbhunaithe san Eoraip: Cleachtais agus Leideanna beartais]), is ann do thrí fhoirm foghlama obairbhunaithe: 1) scéimeanna nó printisigh de chineál sealaíochta ar a dtugtar go hiondúil an 'déchóras', 2) an fhoghlaim obairbhunaithe mar ghairmoideachas agus gairmoiliúint scoilbhunaithe lena n-áirítear tréimhsí oiliúna ar an láthair i gcuideachtaí agus 3) an fhoghlaim obairbhunaithe atá comhtháite i gclár scoilbhunaithe, trí shaotharlanna ar an láthair, ceardlanna, cistíneacha, bialanna, gnóilachtaí sóisearacha nó cleachtais, ionsamhlúcháin nó fíorthascanna tionscadail gnó/tionscail.

Le haghaidh na téarmaíochta gairmoideachais agus gairmoiliúna uile, an fhoghlaim obairbhunaithe san áireamh, úsáid an foilseachán Cedefop oifigiúil: https://www.cedefop.europa.eu/files/4117_en.pdf

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí (comhordaitheoir agus comhpháirtithe iomlána) a bheith ina: - Ina n-eintitis dhlíthiúla (comhlachtaí poiblí nó príobháideacha) atá gníomhach i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna nó i saol na hoibre; - Iarratasóirí bunaithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár (maidir le tíortha a bhfuil caibidlíocht reatha ar bun acu le haghaidh comhaontú comhlachais agus i gcás ina mbeidh feidhm ag an gcomhaontú sula síneofaí an deontas, tá siad incháilithe). Is féidir le heagraíochtaí ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a bheith rannpháirteach ach ní féidir leo a bheith ina gcomhordaitheoirí. Ní mór dóibh a bheith ina n-eagraíochtaí poiblí nó príobháideacha atá gníomhach i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna nó i saol na hoibre. Eisceacht: níl eagraíochtaí ón mBealarúis (Réigiún 2) ná ó Chónaidhm na Rúise (Réigiún 4) incháilithe chun páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht sin.
Cé na cineálacha eagraíochtaí atá incháilithe le bheith rannpháirteach sa tionscadal seo?	Mar shampla, is féidir le heagraíochtaí rannpháirteacha a bheith ina (liosta neamhchuimsitheach): - Soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna - Eagraíochtaí ionadaíoch ar sholáthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna - Cuideachtaí, eagraíochtaí ionadaíoch tionscail nó earnála - Údarais cáilíochtaí náisiúnta/réigiúnacha - Institiúidí taighde - Gníomhaireachtaí nuálaíochta - Údarais forbartha réigiúnaí
Líon agus próifíl na n-eagraíochtaí rannpháirteacha	Ní mór a chuimsiú leis an gcomhpháirtíocht ocht n-iarratasóir ar a laghad (comhordaitheoir agus comhpháirtithe iomlána) ó cheithre cinn de Bhallstáit den Aontas nó tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár ar a laghad. Ní mór an méid a leanas a bheith i ngach Ballstát den Aontas nó aon tír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár: a) fiontar nó eagraíocht amháin ar a laghad atá ionadaíoch do thionscal nó d'earnáil, agus b) soláthraí gairmoideachais agus gairmoiliúna amháin ar a laghad (ar an meánleibhéal agus/nó ar an leibhéal treasach). Ba cheart cineál sonrath an togra a léiriú leis an gcuid eile de chomhdhéanamh na comhpháirtíochta. Féadfaidh eagraíochtaí ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a bheith páirteach mar chomhpháirtithe iomlána, eintitis chleamhnaithe nó comhpháirtithe comhlachaithe (ní mar chomhordaitheoirí), a mhéid a léirítear go gcuireann a gcuid rannpháirtíochta breisluch fíor-riachtanach leis an tionscadal.
Ionad na ngníomhaíochtaí	Is féidir gníomhaíochtaí a reáchtáil in aon tír incháilithe, i gcás ina bhfuil údar cuí leis i ndáil le cuspóirí nó cur chun feidhme an tionscadail.
Fad an tionscadail	Ba cheart do thionscadail maireachtáil ar feadh 48 mí de ghnáth (is féidir síneadh a chur leo, má tá údar cuí leis agus trí bhíthin leasaithe).
Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh?	Faoi bhráid na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr (EACEA). Uimhir aitheantais an Ghlaio: ERASMUS-EDU-2023-PEX-COVE.
Cathain is féidir iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí a n-iarratas ar dheontas a chur isteach faoin 8 Meitheamh ar 17:00:00 (am na Buiséile) .

Déanfar measúnú ar eagraíochtaí is iarratasóirí de réir na gcritéar eisiaimh agus roghnúcháin ábhartha. Chun breis faisnéise a fháil féach Cuid C den Treoir seo.

TIONSCADAL A BHUNÚ

Saintréith d'ionaid barr feabhais gairme is ea **cur chuige córasach** a ghlacadh trína rannchuidíonn institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna go gníomhach le comhchruthú '**éiceachórais scileanna**', chomh maith le réimse leathan comhpháirtithe áitiúla/réigiúnacha eile. Tá coinne leis go ndéanann ionaid barr feabhais gairme níos mó ná díreach gairmcháilíocht ardchaighdeán a sholáthar.

Cuirimid i láthair thíos liosta neamhchuimsitheach de ghnáthghníomhaíochtaí a chuireann ionaid barr feabhais gairme ar fáil. Bainfidh tionscadail a gcuspóirí amach trí roinnt de na gníomhaíochtaí sin a fhorbairt (is samplaí iad pointí urchair de ghníomhaíochtaí féideartha faoi gach gníomhaíocht)¹⁷⁸.

Ní mór don tionscadal gníomhaíochtaí ábhartha a roghnú (ag tabhairt sonraí maidir leis na gníomhaíochtaí agus táirgí insoláthartha nithiúla), gníomhaíochtaí a thugtar le fios faoi na trí bhraisle seo a leanas:

- **ar a laghad 4** cinn de na gníomhaíochtaí a liostaítear san Fhoirm Iarratais faoi **Bhraisle 1 – Teagasc agus Foghlaim**,
- **ar a laghad 3** cinn de na gníomhaíochtaí a liostaítear san Fhoirm Iarratais faoi **Bhraisle 2 – Comhar agus comhpháirtíocht**, agus
- **ar a laghad 2** cheann de na gníomhaíochtaí a liostaítear san Fhoirm Iarratais faoi **Bhraisle 3 – Rialachas agus cistiú**.

Braisle 1 – Teagasc agus foghlaim

i. Scileanna atá ábhartha don mhargadh saothair a thabhairt do dhaoine

- Trí riachtanais scileanna sa todhchaí a thuair ag úsáid modhanna éifeachtach chun riachtanais an mhargaidh saothair a athraíonn go gasta a shainaithint¹⁷⁹, agus soláthar scileanna a mheaitseáil le deiseanna post
- Trí bheith ag díriú ar **scileanna teicniúla** agus **príomhinniúlachtaí**¹⁸⁰
- Trí na scileanna is gá don chlaochlú **glas** agus don chlaochlú **digiteach** a chur san áireamh¹⁸¹

ii. Cur chuige maidir le foghlaim ar feadh an tsaoil atá cuimsitheach sa ghairmoideachas agus gairmoiliúint

- Trína chinntiú go dtugtar deiseanna foghlama do dhaoine ar gach aois agus de gach cúlra soch- eacnamaíoch¹⁸²
- Trí tairiscintí de cháilíocht tosaigh agus **oiliúint leanúnach gairmoideachais agus gairmoiliúna** le haghaidh uas- sciliú agus athsciliú a bhfuil faisnéis scileanna mar bhonn faoi¹⁸³
- Ag cur cláir ardleibhéil ghairmoideachais agus ghairmoiliúna ar fáil, ag forbairt conairí solúbtha agus sásraí comhair idir institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna agus institiúidí ardoideachais¹⁸⁴

¹⁷⁸ Is féidir gníomhaíochtaí eile a chomhaontaítear i measc na gcomhpháirtithe a chur leo freisin

¹⁷⁹ Féach obair Cedefop maidir le [Scileanna don mhargadh saothair](#), agus [Meaitseáil scileanna](#)

¹⁸⁰ Mar a shainmhínítear sa [Mholadh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 dar teideal key competences for lifelong learning](#)

¹⁸¹ Féach foilseacháin Cedefop maidir le '[Digital, greener and more resilient](#)' agus '[The green employment and skills transformation](#)' chomh maith le [ESCO taxonomy of skills for the green transition](#).

¹⁸² Guide on making [TVET and skills development inclusive for all ILO](#)

¹⁸³ Trí uirlisí [Faisnéis Scileanna](#) atá ann cheana, amhail na cinn a chuireann [uirlis OVATE](#) Cedefop ar fáil a fhorbairt, agus tionscnaimh Scileanna eile arb é is aidhm dóibh oiliúint atá ábhartha don mhargadh saothair a sholáthar (mar shampla, [Comhshocrú um Scileanna](#) agus an Treoirphlean Earnálach)

¹⁸⁴ Féach [Process model for the cooperation between VET and HE institutions](#) agus an staidéar atá le teacht ó ECFE maidir le '[Pathways to Professions: Understanding higher vocational and professional tertiary education systems](#)'.

- iii. **Curaclaim agus cáilíochtaí gairmoideachais agus gairmoiliúna** a fhorbairt, trína gcumasaítear solúbthacht agus indibhidiúlú soláthair
- Trí phleananna¹⁸⁵ nó conairí foghlama aonair a fhorbairt do gach foghlaimeoir¹⁸⁶, daoine fásta san áireamh
 - Soghluasteacht foghlaimeoirí idirnáisiúnta¹⁸⁷ a chomhtháthú sna curaclaim, ag cinntiú bhailíochtú agus aithint na dtorthaí foghlama a éilítear ar an gcoigríoch
 - Cáilíochtaí a dhearadh lena gcomhtháthaítear comhpháirteanna foghlama scoilbhunaithe chomh maith le foghlaim obairbhunaithe¹⁸⁸
 - Próifílí Láir Gairme Eorpaigh¹⁸⁹ a fhorbairt, a rannchuidíonn le soghluaisteacht foghlaimeoirí agus oibrithe, fad a chinntítear a aithint chomh maith le trédhearcacht, tuiscint agus inaistritheacht torthaí foghlama¹⁹⁰
 - [Micridhintiúir](#)¹⁹¹ a fhorbairt agus/nó a úsáid chun toradh deiseanna foghlama gearra a chuirtear in oiriúint do shochaí agus margadh saothair a athraíonn go gasta a aithint
 - Úsáid a bhaint as [Dintiúir Dhigiteacha Eorpacha le haghaidh Foghlama](#), rud a chumasaíonn fíordheimhniú, bailíochtú agus aithint dintiúir d'aon mhéid, d'aon chruth nó d'aon fhoirm
- iv. **Teagasc nuálach dírithe ar an mac léinn agus ábhair foghlama agus modheolaíochtaí** a fhorbairt
- Foghlaim idirdhisciplíneach, tionscadalbhunaithe, inniúlachtbhunaithe, '[Monarchana foghlama](#)', [spásanna déantóirí](#)¹⁹² agus oideachas dearfach¹⁹³ san áireamh
 - Úsáid a bhaint as creataí inniúlachtaí¹⁹⁴ agus uirlisí díorthacha Eorpacha amhail DigComp¹⁹⁵, EntreComp¹⁹⁶, FreenComp, LifeComp¹⁹⁷, GreenComp¹⁹⁸, SELFIE WBL¹⁹⁹, Déan do scileanna digiteacha a thástáil²⁰⁰, agus Deimhniú Eorpach i ndáil le Scileanna Digiteacha²⁰¹
 - Úsáid a bhaint as trealamh teagaisc nuálach agus teicneolaíochtaí digiteacha amhail MOOCanna, ionsamhlóirí, réaltacht fhíorúil agus réaltacht bhreisthe, intleacht shaorga, don fhoghlaim scoilbhunaithe chomh maith leis an bhfoghlaim obairbhunaithe
 - **Barr feabhais foghlaimeoirí**²⁰² a chothú le gníomhaíochtaí a spreagann foghlaimeoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna iniúchadh a dhéanamh ar a **gcumas nuálaíochta agus cruthaitheacht**²⁰³, as a dtagann sraith mhacánta tairbhí do na foghlaimeoirí, na múinteoirí/na hoiliúnóirí agus an institiúid ghairmoideachais agus ghairmoiliúna a chomhtháthóidh dea- chleachtais i ngnáthchlár²⁰⁴
- v. Infheistíocht a dhéanamh i **bhforbairt ghairmiúil tosaigh** agus **leanúnach múinteoirí agus oiliúnóirí**²⁰⁵

¹⁸⁵ Féach Michele Schweisfurth in [Learner-Centred Education in International Perspective](#)

¹⁸⁶ Féach [sampla](#) na Fionlainne.

¹⁸⁷ Lena gcuimsítear 'idirnáisiúntú sa bhaile', a shainmhínítear mar 'comhtháthú fiúntach d'éirimí idirnáisiúnta agus idirchultúrtha sa churaclam foirmiúil agus neamhfhoirmiúil do na mic léinn uile laistigh de thimpeallachtaí foghlama intíre'. [Féach Beelen & Jones](#), 2015

¹⁸⁸ Féach foilseachán ETF 'A handbook for policy makers and social partners' maidir le [foghlaim obairbhunaithe](#)

¹⁸⁹ Tuairiscítear i bpróifílí Láir Gairme Eorpaigh tacair príomhthorthaí foghlama a thagann le próifílí gairme atá coitianta agus ábhartha maidir le cláir ghairmoideachais agus ghairmoiliúna náisiúnta ar fud thíortha an Aontais i réimsí ceirde/gairme sonracha.

¹⁹⁰ Féach staidéar Cedefop maidir le [Comparing Vocational Education and Training Qualifications](#)

¹⁹¹ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32022H0627%2802%29&qid=1656349729862>

¹⁹² Is spásanna oibre comhoibríochas iad spásanna déantóirí don déanamh, don fhoghlaim, don fhionnachtain agus don chomhroinnt (féach [Tuarascáil JRC](#))

¹⁹³ Féach [The state of positive education](#) agus [IPEN International positive education network](#)

¹⁹⁴ Féach páipéar Margherita Bacigalupo dar teideal [Competence frameworks as orienteering tools](#)

¹⁹⁵ An [Creat Inniúlachta Digití do Shaoránaigh](#)

¹⁹⁶ EntreComp an [creat um inniúlacht fiontraíochta](#)

¹⁹⁷ An [creat Eorpach um príomhinniúlacht phearsanta, shóisialta agus ag foghlaim conas foghlaim](#)

¹⁹⁸ Féach an [creat Eorpach um inniúlacht inbhuaine](#), 'GreenComp', agus [Greening Technical and Vocational Education and Training: A Practical Guide for Institutions](#) UNESCO-UNEVOC

¹⁹⁹ An t-eolas maidir le SELFIE don Foghlaim Obairbhunaithe [ar líne](#)

²⁰⁰ Féach [Déan do scileanna digiteacha a thástáil](#) | Europass

²⁰¹ Is gníomhaíocht atá beartaithe sa [Phlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach](#) É EDSC

²⁰² Féach an [sampla Tionscnamh Barr Feabhais MBO na hÍsiltíre](#)

²⁰³ Tá staidéar déanta ag JRC [maidir leis an tslí a gcothaítear cruthaitheacht in LLL](#), lena n-áirítear sa ghairmoideachas agus gairmoiliúint

²⁰⁴ Chun samplaí a fheiceáil, féach Tábla 3 i staidéar JRC, *Creativity – a transversal skill for lifelong learning [An Chruithaitheacht - scil trasnaí don fhoghlaim ar feadh an tsaoil]*.

²⁰⁵ Féach [obair Cedefop maidir le forbairt ghairmiúil múinteoirí agus oiliúnóirí](#)

- Le haghaidh scileanna oideolaíochta, teicniúla, glasa agus digiteacha, chomh maith leo siúd le haghaidh na foghlama ar líne agus na cianfhoghlama
- Soghluasteacht múinteoirí agus oiliúnóirí a leabú i straitéisí foghlama, forbartha agus idirnáisiúnúcháin²⁰⁶
- Tacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme cultúir cáilíochta bunaithe ar chórais bainistíochta shainithe²⁰⁷

vi. **Sásraí dearbhaithe cáilíochta láidre a bhunú**

- Bunaithe ar uirlisí agus ionstraimí Eorpacha amhail [EQAVET](#)
- Obair a dhéanamh i dtreo deimhniúcháin soláthraithe oideachais agus oiliúna bunaithe ar chaighdeán arna bhforbairt ag eagraíochtaí náisiúnta agus/nó **idirnáisiúnta um chaighdeán** – mar shampla, [ISO 21001](#) nó [EFQM](#) (féach freisin [lipéad EVTA le haghaidh Barr Feabhais gairmoideachais agus gairmoiliúna](#))

vii. **Lúba aischothaithe éifeachtacha agus córais rianaithe céimithe a bhunú**

- Próisis, sásraí agus ionstraimí le haghaidh aiseolas agus athbhreithniú éifeachtach a chur ar bun mar chuid den phróiseas foghlama straitéisí san eagraíocht gairmoideachais agus gairmoiliúna, chun tacú le forbairt soláthair ardcháilíochta agus chun deiseanna d'fhoghlaimeoirí a fheabhsú
- Cumasú oiriúnú tráthúil an tsoláthair foghlama bunaithe ar chórais rianaithe céimithe éifeachtacha²⁰⁸

viii. **Seirbhísí treoraíochta a chur ar fáil**

- Treoraíocht²⁰⁹ ardcháilíochta a chinntiú do dhaoine óga agus do dhaoine fásta chun tacú lena roghanna gairme agus oideachais agus oiliúna, chomh maith lena rannpháirtíocht san fhoghlaim ar feadh an tsaoil
- Tacaíocht shaincheaptha a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil leochaileachtaí acu
- Cur ar chumas daoine fásta úsáid a bhaint as na teidlíochtaí atá acu ar oiliúint

ix. **Bailíochtú maidir le réamhfhoghlaim a chur ar fáil**

- Bailíochtú scileanna a chur ar fáil, beag beann ar an dóigh a sealbhaítear iad, lena gcuimsítear bealaí lasmuigh den oideachas foirmiúil agus den oiliúint fhoirmiúil: ag an obair, sa bhaile nó i ngníomhaíochtaí deonacha²¹⁰, mar bhonn le haghaidh soláthar oiliúna pearsantaithe

Braisle 2 – Comhar agus comhpháirtíochtaí

x. **Comhpháirtíochtaí gnó agus oideachais a bhunú**

- Caidrimh chomhthairbheacha a chothú le hearnáil an ghnó trí chomhpháirtíochtaí fadtéarmacha idir an gnó agus an t-oideachas a chruthú, nuálaíocht agus scileanna san áireamh
- Obair a dhéanamh le chéile chun athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar churaclaim go leanúnach chun a chinntiú go mbíonn siad ábhartha do riachtanais an fhoghlaimeora agus an mhargaidh saothair, go háirithe i gcás na foghlama obairbhunaithe agus printisigh
- Tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí agus FBMan na go háirithe le hoiliúint shaincheaptha le haghaidh **uas- sciliú agus athsciliú**
- Comhar le Seirbhísí Fostaíochta poiblí agus an tsochaí shibhialta chun iad siúd atá dífhostaithe nó éighníomhach a uas- sciliú agus a athsciliú
- Tacaíocht a thabhairt do chomhar earnáilbhunaithe agus réigiúnach, an **Comhshocrú um Scileanna**²¹¹ san áireamh, agus tacú lena chur chun feidhme

²⁰⁶ Féach [Conclúidí ón gComhairle](#) maidir le soghluaisteacht múinteoirí agus oiliúnóirí a fheabhsú, go háirithe soghluaisteacht Eorpach, le linn a n-oideachais agus a n-oiliúna tosaigh agus inseirbhíse

²⁰⁷ Féach freisin tionscnamh an Aontais maidir le [hAcadaimh Múinteoirí](#)

²⁰⁸ Féach [rianú conairí foghlama agus gairme céimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna](#) chun cáilíocht an tsoláthair gairmoideachais agus gairmoiliúna a fheabhsú, [mapáil beart rianaithe céimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna](#), chomh maith le [mapáil riocht na mbeartas agus na gcleachtas rianaithe céimithe](#), agus an [Moladh ón gComhairle](#) maidir le rianú céimithe

²⁰⁹ Féach [Líonra Euroguidance](#), an [Rún ón gComhairle](#) maidir le feabhsú ról na treoraíochta ar feadh an tsaoil i straitéisí foghlama ar feadh an tsaoil, an foilseachán, [Investing in career guidance](#) chomh maith le obair Cedefop maidir le [Lifelong Guidance](#)

²¹⁰ Féach obair Cedefop maidir le [bailíochtú na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla](#), chomh maith leis an [Moladh ón gComhairle](#) maidir le bailíochtú na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla

²¹¹ Féach an [Comhshocrú um Scileanna](#)

- Tacaíocht theicniúil, measúnú ar riachtanas scileanna, uirlisí agus modheolaíochtaí a thabhairt do FBManna
- Deiseanna foghlama obairbhunaithe, printíseachtaí, agus intéirneachtaí a eagrú d'fhoghlaimeoirí, trealamh a chomhroinnt, chomh maith le malartuithe múinteoirí agus oiliúnóirí idir cuideachtaí agus ionaid ghairmoideachais agus ghairmoiliúna²¹²

xi. **Taighde feidhmeach agus nuálaíocht**

- Obair a dhéanamh in éineacht le cuideachtaí, FBManna go háirithe, maidir le tionscadail **taighde fheidhmigh**²¹³ ina mbíonn foghlaimeoirí agus baill foirne ghairmoideachais agus ghairmoiliúna páirteach
- Úsáid a bhaint as **moil nuálaíochta** agus **ionaid scaipthe teicneolaíochta**²¹⁴ nó iad a chomhchruthú chun tacú le próiseas nuálaíochta FBManna le rannpháirtíocht foghlaimeoirí agus ball foirne ghairmoideachais agus ghairmoiliúna
- Rannchuidiú le cruthú agus scaipeadh eolais nua²¹⁵

xii. **Idirnáisiúnú ghairmoideachais agus ghairmoiliúna agus soghluaisteacht ar an gcoigríoch**

- Pleanáil straitéiseach a fhorbairt do ghníomhaíochtaí idirnáisiúnta, nasctha go dlúth le forbairt na hinstiúide ghairmoideachais agus ghairmoiliúna, agus cáilíocht na gcleachtais teagaisc agus foghlama²¹⁶
- Struchtúir agus bearta tacaíochta a chruthú chun cáilíocht eispéireas soghluaisteachta ghairmoideachais agus ghairmoiliúna a chothú agus a chinntiú (soghluaisteacht fhíorúil san áireamh) i measc na gcomhpháirtithe sa líonra ionad barr feabhais gairme i gcomhréir le Caighdeán Cháilíochta Erasmus²¹⁷
- Tionscnaimh a sheoladh chun foghlaimeoirí, múinteoirí agus oiliúnóirí (oiliúnóirí ionchuideachta san áireamh), chomh maith le saineolaithe, a ghríosadh chun leas a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil sa chlár Erasmus+ (Ka1) chun páirt a ghlacadh sa tsoghluaisteacht ar an gcoigríoch

xiii. **Scileanna agus tionscnaimh fiontraíochta a chothú**

- Cultúr fiontraíochta a fhorbairt laistigh d'eagraíochtaí ghairmoideachais agus ghairmoiliúna²¹⁸, ag cuimsiú ceannairí, baill foirne, múinteoirí agus oiliúnóirí chomh maith le foghlaimeoirí²¹⁹
- Obair a dhéanamh le comhpháirtithe áitiúla chun scileanna agus meonta fiontraíochta foghlaimeoirí a fhorbairt a fhreagraíonn d'fhiordhúshláin
- Gortanna gnó áitiúil a chur ar fáil nó nasc a dhéanamh leo d'fhoghlaimeoirí ghairmoideachais agus ghairmoiliúna chun a dtionscnaimh fiontraíochta²²⁰ a fhorbairt

xiv. **Tarraingteacht an ghairmoideachais agus na ghairmoiliúna a mhéadú**

- Trí fheachtais agus gníomhaíochtaí²²¹ cumarsáide a sheoladh, agus trí bheith rannpháirteach go gníomhaíoch iontu, cinn atá dírithe ar tharraingteacht an ghairmoideachais agus na ghairmoiliúna a mhéadú
- Eolas a chur ar fáil maidir le deiseanna post trí ghairmoideachas agus ghairmoiliúint agus daoine óga agus daoine fásta (foghlaimeoirí i mbunscoileanna agus meánscoileanna san áireamh) a mhealladh chuig conairí foghlama ghairmoideachais agus ghairmoiliúna

²¹² Féadfár a áireamh leis sin bunú agus oibriú Comhghuaillíochtaí Oiliúna (féach [samhail na hOstaire](#)) agus ionaid Oiliúna Idir Cuideachtaí (féach [samhail na Gearmáine](#)). Féach freisin [sampla na hÍsiltíre maidir le comhpháirtíochtaí idir Gnó agus Oideachas san earnáil TCF](#)

²¹³ Féach sampla choláistí agus institiúidí Cheanada a bhaineann úsáid as [taighde feidhmeach](#) chun a gcumas a neartú maidir le nuáil agus leas a bhaint as a naisc láidre sa phobal agus sa tionscal, agus foilseachán NCVER, [Developing VET applied research: steps towards enhancing VET's role in the innovation system](#) chomh maith le [SMEs and TAFEs collaborating through applied research for growth](#)

²¹⁴ Féach an sampla ó Fraunhofer maidir le [haistriú eolais ó thaighde institiúidí go cuideachtaí príobháideacha](#)

²¹⁵ Féach [Beartas luachála an Aontais Eorpaigh](#): torthaí taighde a chur ag obair don tsochaí

²¹⁶ Féach [GO-international – A practical guide on strategic internationalisation in VET](#)

²¹⁷ Féach [Caighdeán Cháilíochta Erasmus](#) – tionscadal soghluaisteachta – ghairmoideachas agus ghairmoiliúint, daoine fásta, scoileanna agus samhlacha le haghaidh [Comhaontuithe soghluaisteachta agus foghlama](#)

²¹⁸ Féach [Practical guide on Entrepreneurial learning for TVET institutions](#) ó UNESCO-UNEVOC

²¹⁹ Féach [EntreComp](#): an creat um iniúilacht fiontraíochta. Féach [JA Europe](#) maidir le daoine a ullmhú le haghaidh fostaíochta agus fiontraíochta

²²⁰ Féach an tuarascáil deiridh maidir le [Fiontraíocht sa Ghairmoideachas agus Ghairmoiliúint](#), sampla [phlean náisiúnta gníomhaíochta na hOstaire](#) le haghaidh oideachais fiontraíochta, agus [A guide for fostering entrepreneurship education](#)

²²¹ Féach an sampla de [Sommer der Berufsausbildung](#) NA GEARMÁINE

- **Campas nó campaí samhraidh gairmoideachais agus gairmoiliúna idirnáisiúnta**²²² a chur ar bun, cinn atá dírithe ar fhoghlaimeoirí, múinteoirí agus oiliúnóirí, ceannairí in institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna, ceardchumann: chomh maith le daoine atá ag smaoineamh faoina roghanna staidéir gairme sa todhchaí. D'fhéadfaidís díriú ar réimsí, táirgí nó seirbhísí ceirde sonracha, chomh maith le dúshlán chasta a mbaineann tábhacht shochaíoch agus eacnamaíoch leo

xv. **Comórtais scileanna**

- Rannpháirtíocht foghlaimeoirí i gcomórtais scileanna earnála, náisiúnta agus idirnáisiúnta a chothú, ar comórtais iad atá dírithe ar tharraingteacht agus barr feabhais sa ghairmoideachas agus gairmoiliúint a mhéadú (mar shampla, comórtais [World Skills](#) agus/nó [EuroSkills](#)).

Braisle 3 – Rialachas agus maoiniú

xvi. **Neamhspleáchas agus rialachas éifeachtach gairmoideachais agus gairmoiliúna**

- Forbairt a dhéanamh ar chumas soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna le cinntí a dhéanamh, go neamhspleách agus go freagrach, maidir le hábhair oideachasúla, eagraíochtúla, airgeadais, ábhair a bhaineann leis an bhfoireann nó ábhair eile, chun gníomhaíocht a dhéantar faoin raon feidhme a shainítear i rialacha agus rialacháin náisiúnta a bhaint amach²²³
- Páirt a thabhairt do gheallsealbhóirí ábhartha, go háirithe cuideachtaí, comhlachais, comhlachais ghairmiúla agus earnála, ceardchumann, údaráis náisiúnta agus réigiúnacha agus comhpháirtithe sóisialta, ionadaithe foghlaimeoirí san áireamh, i rialú na gcóras gairmoideachais agus gairmoiliúna

xvii. **Cur chuige straitéiseach maidir le forbairt scileanna agus rialachas**

- Páirt ghníomhach a ghlacadh sna córais rialachais scileanna náisiúnta agus réigiúnacha
- Rannchuidiú ó pheirspictíocht scileanna maidir le déanamh beartas fostaíochta agus sóisialta ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus ar leibhéal na hEorpa

xviii. **Éiceachórais scileanna a chomhchruthú**

- Comhpháirtithe sóisialta agus eacnamaíocha ábhartha a spreagadh chomh maith le hinstiúidí oideachais agus oiliúna chun páirt a ghlacadh in éiceachórais scileanna áitiúla, nó iad a chruthú, éiceachórais atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt don nuálaíocht, straitéisí speisialaithe chliste, braislí agus earnálacha agus slabhraí luacha (éiceachórais thionsclaíocha)
- Éiceachórais scileanna áitiúla a chumasú ionas gur féidir leo cuidiú le mealladh na hinfheistíochta eachtraí²²⁴, trí sholáthar pras scileanna do chuideachtaí a dhéanann infheistíochtaí go háitiúil a chinntiú

xix. **Samhlacha airgeadais inbhuanaithe a fhorbairt**

- Maoiniú poiblí agus príobháideach a chur le chéile²²⁵, chomh maith le gníomhaíochtaí giniúna ioncaim, agus leas iomlán a bhaint as scéimeanna maoinithe bunaithe ar fheidhmíocht (más ábhartha)

xx. **Úsáid iomlán a bhaint as ionstraimí airgeadais náisiúnta agus ionstraimí airgeadais an Aontais**

- Féadfar a áireamh orthu seo tacaíocht do ghníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna, soghluaisteacht foghlaimeoirí agus ball foirne, gníomhaíochtaí taighde fheidhmigh, infheistíochtaí ar bhonneagar chun ionaid ghairmoideachais agus ghairmoiliúna a nuachóiriú le trealamh nua, cur chun feidhme córas bainistíochta chun barr feabhais agus inbhuanaitheacht eagraíochtaí gairmoideachais agus gairmoiliúna a dhearbhu, chomh maith leis na seirbhísí a chuireann siad ar fáil

²²² Féach an sampla [Campa samhraidh](#), [Campa teicneolaíochta](#), agus [Campa samhraidh do pháistí atá faoi mhíchumas](#).

²²³ Neamhspleáchas oideolaíochta, airgeadais agus bainistíochta oibriúcháin a chur san áireamh, neamhspleáchas a thagann le sásraí éifeachtacha freagrachta. Féach freisin GEORG SPÖTTL in [Autonomy of \(Vocational\) Schools as an Answer to Structural Changes](#)

²²⁴ Féach [samplaí](#) Cheanada agus Shingapór

²²⁵ Féach [OECD Education GPS](#), agus [Funding Mechanisms for Financing Vocational Training: An Analytical Framework](#)

Ní mór don tionscadal rogha gach ceann de na gníomhaíochtaí atá roghnaithe a shainaithint agus a mhíniú go soiléir agus tuairisc a thabhairt ar an mbealach a gcuirfidh an obair atá le déanamh trí na gníomhaíochtaí sin leis na pacáistí oibre ábhartha, agus le cuspóirí foriomlána an tionscadail.

Éilítear ar thionscadail ionstraimí agus uirlisí ar fud an Aontais²²⁶ a chur i bhfeidhm aon uair is ábhartha.

Ní mór do thionscadail dearadh plean gníomhaíochta fhadtéarmaigh a áireamh le haghaidh rolladh amach céimneach tháirgí insoláthartha an tionscadail nuair a bheidh deireadh tagtha leis an tionscadal. Beidh an plean sin bunaithe ar chomhpháirtíochtaí leanúnacha idir soláthraithe oideachais agus oiliúna agus príomh-gheallsealbhóirí tionscail ar an leibhéal iomchuí. Ba cheart a áireamh ann sainaithint struchtúr rialachais iomchuí, mar aon le pleananna le haghaidh inscálaitheachta agus inbhuanaitheacht airgeadais.

Ba cheart dó infheictheacht iomchuí agus scaipeadh forleathan obair líonraí na n-ionad barr feabhais gairme a áirithiú freisin, lena n-áirítear ar leibhéal polaitiúil an Aontais agus ar an leibhéal polaitiúil náisiúnta, agus ba cheart sonraí a áireamh ann ar conas a dhéanfar an rolladh amach a chur chun feidhme ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta agus/nó réigiúnach le comhpháirtithe ábhartha. Léireofar leis an bplean gníomhaíochta freisin conas a fhéadfaidh deiseanna maoinithe eile ón Aontas, agus maoiniú náisiúnta agus réigiúnach, mar aon le maoiniú príobháideach, tacú le feidhmiú an tionscadail.

TIONCHAR MEASTA

Tá coinne leis go gcuirfidh bunú agus forbairt líonraí Eorpacha d'Ionaid Barr Feabhais Gairme de réir a chéile le freagairt an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna maidir le hoiriúint an tsoláthair scileanna do na riachtanais eacnamaíocha agus shóisialta a mhéadú, lena gcinnteofar go bhfuil an gairmoideachais agus an ghairmoiliúint chun tosaigh maidir le réitigh a sholáthar ar na dúshláin a bhaineann le hathruithe tapa ar riachtanais scileanna.

Ach a bheith ina gcuid fhíor-riachtanach de 'thriantán an eolais' – an dlúthchomhar idir gnólachtaí, oideachas agus taighde – agus ról bunúsach a ghlacadh maidir le scileanna a sholáthar chun tacú leis an nuálaíocht agus leis an speisialú cliste, meastar go n-áiritheofar leis na hIonaid Barr Feabhais Gairme scileanna agus inniúlachtaí ardchaighdeán a mbeidh mar thoradh orthu fostaíocht ar ardchaighdeán agus deiseanna ar feadh na gairme a chomhlíonann riachtanais geilleagair nuálaigh, uileghabhálaigh agus inbhuanaithe.

Ach a bheith fréamhaithe go daingean laistigh de chomhthéacsanna réigiúnacha/áitiúla agus feidhmiú ar an leibhéal trasnáisiúnta an tráth céanna, cruthóidh na hIonaid Barr Feabhais Gairme comhpháirtíochtaí láidre marthanacha idir an pobal gairmoideachais agus gairmoiliúna agus saol na hoibre ar an leibhéal náisiúnta agus thar theorainneacha. Rannchuideoidh sé freisin le hidirnáisiúnú an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, ag tabhairt comhpháirtithe ó gach cearn den domhan le chéile. Díreoidh siad ar '**cóineasú aníos**' an bharr feabhais i gcás gairmoideachais agus gairmoiliúna, rud a bheadh deacair a bhunú in éagmais dreasachtaí, tacaíocht theicniúil, agus deiseanna foghlama frithpháirtí ón Aontas.

Trí scaipeadh forleathan na dtorthaí tionscadail ar an leibhéal trasnáisiúnta, náisiúnta agus/nó réigiúnach agus forbairt plean gníomhaíochta fhadtéarmaigh le haghaidh rolladh amach céimneach na dtáirgí insoláthartha den tionscadal, agus straitéisí náisiúnta agus réigiúnacha um forbairt agus speisialtóireacht chliste á gcur san áireamh, tá coinne leis go mbunóidh na tionscadail aonair caidreamh le geallsealbhóirí ábhartha laistigh d'eagraíochtaí rannpháirteacha agus lasmuigh díobh agus go n-áiritheoidh siad tionchar marthanach tar éis shaolré an tionscadail.

²²⁶ Amhail EQF, EQAVET, an Moladh ón gComhairle maidir le creat Eorpach do phrintíseachtaí ardchaighdeán agus éifeachtacha, an Moladh ón gComhairle maidir le príomhinniúlachtaí, srl.

CRITÉIR DHÁMHACHTANA

Tá feidhm ag na critéir dhámhachtana seo a leanas:

Ábharthacht an tionscadail (scór uasta 35 pointe)	• Nasc le beartas: bunaítear agus forbraítear leis an togra líonra comhair trasnáisiúnta d'Ionaid Barr Feabhais Gairme, arb é is aidhm dó barr feabhais gairmoideachais agus gairmoiliúna a chothú; leis sin mínítear conas a rannchuideoidh sé le baint amach spriocanna na dtosaíochtaí beartais a chumhdaítear leis an Moladh ón gComhairle maidir leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint le haghaidh iomaíochas inbhuanaithe, cothroime shóisialta agus athléimneacht²²⁷, chomh maith le Osnabrück Dearbhú²²⁸; • Comhsheasmhacht: a mhéid atá an togra based ar anailís riachtanas leordhóthanach; sainítear na spriocanna go soiléir, tá siad réalaíoch, agus tugtar aghaidh leo ar shaincheisteanna atá ábhartha maidir leis na heagraíochtaí rannpháirteacha agus leis an ngníomhaíocht; • Gníomhaíochtaí: Maidir leis na gníomhaíochtaí a roghnaítear ó na trí bhraisle, sainithnítear go soiléir iad, tuairiscítear go soiléir iad agus tá siad nasctha go soiléir le cuspóirí foriomlána an tionscadail; • Nuálaíocht: cuirtear modhanna agus teicnící úrscothacha san áireamh sa togra, agus tá mar thoradh air torthaí agus réitigh nuálacha le haghaidh a réimse go ginearálta, nó le haghaidh an chomhthéacs gheografaigh ina gcuirtear an tionscadal chun feidhme (mar shampla inneachar; na haschuir a táirgeadh, na modhanna oibre a cuireadh i bhfeidhm, na heagraíochtaí nó na daoine lena mbaineann nó atá spriocdhírthe); • An éirim réigiúnach: léirítear leis an togra a rannchuidiú leis an bhforbairt réigiúnach, nuálaíocht agus straitéisí speisialaithe chliste, bunaithe ar shainithint riachtanas agus dúshlán áitiúil/réigiúnach i ngach ceann de na tíortha rannpháirteacha; • Comhar agus comhpháirtíochtaí: a mhéid a shainithníonn an togra go leordhóthanach na comhpháirtithe is ábhartha, agus a thugann sé páirt dóibh, comhpháirtithe is gá chun cuspóirí an tionscadail a bhaint amach agus a mhéid a mhíníonn sé conas a bhunóidh sé caidrimh láidre mharthanacha ar an leibhéal áitiúil agus trasnáisiúnta araon, idir an pobal gairmoideachais agus gairmoiliúna agus gnólachtaí (ar féidir le comhlachais nó cumainn ionadaíocht a dhéanamh orthu), inar idirghníomhaíochtaí cómhalmartacha iad na hidirghníomhaíochtaí agus iad tairbhiúil go frithpháirteach; • Breisluch Eorpach: léirítear go soiléir leis an togra an breisluch ar leibhéal an duine aonair (foghlaimoir agus/nó ball foirne), ar an leibhéal institiúideach agus sistémach, a ghintear trí thorthaí a mbeadh sé deacair ar na comhpháirtithe iad a bhaint amach agus iad ag gníomhú gan comhar Eorpach; • Idirnáisiúnú: léirítear leis an togra a rannchuidiú le héirim idirnáisiúnta bharr feabhais an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, forbairt straitéisí chun soghluaisteacht thrasnáisiúnta gairmoideachais agus gairmoiliúna foghlaimoirí agus ball foirne a chothú san áireamh, chomh maith le comhpháirtíochtaí inbhuanaithe; • Scileanna digiteacha: a mhéid a dhéantar foráil leis togra maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le forbairt scileanna digiteacha (mar shampla oirchill scileanna, curaclaim nuálacha agus modheolaíochtaí teagaisc, treoraíocht, srl.) a bhaineann le forbairt scileanna digiteacha; • Scileanna glasa: a mhéid a dhéantar foráil leis an togra maidir le gníomhaíochtaí (mar shampla oirchill scileanna, curaclaim nuálacha agus modheolaíochtaí teagaisc, treoraíocht, srl.) atá nasctha leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach agus glas; • An éirim shóisialta: áirítear sa togra gné chothrománach ar fud na ngníomhaíochtaí éagsúla chun aghaidh a thabhairt ar an éagsúlacht agus chun go gcuirfear chun cinn luachanna comhroinnte, an comhionannas, lena n-áirítear an comhionannas inscne, agus
---	--

²²⁷ https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=uriserv:OJ.C_.2020.417.01.0001.01.ENG

²²⁸ https://www.cedefop.europa.eu/files/osnabrueck_declaration_eu2020.pdf

	an neamh- idirdhealú agus cuimsiú sóisialta, lena n- áirítear le haghaidh daoine ag a bhfuil riachtanais speisialta/níos lú deiseanna.
Cáilíocht dhearadh agus chur chun feidhme an tionscadail (scór uasta 25 phointe)	• Comhleanúnachas: áiríthítear leis an dearadh foriomlán tionscadail comhsheasmhacht idir cuspóirí an tionscadail, gníomhaíochtaí agus an buiséad atá beartaithe. Cuirtear i láthair sa togra tacar comhleanúnach cuimsitheach gníomhaíochtaí agus seirbhísí iomchuí chun freastal ar na riachtanais shainaitheanta agus chun na torthaí a bhfuil coinne leo a bhaint amach. Is ann do chéimeanna iomchuí d’ullmhú, cur chun feidhme, monatóireacht, saothrú, meastóireacht agus scaipeadh; • Gníomhaíochtaí: Tuairiscítear go soiléir an obair atá le déanamh faoi gach ceann de na gníomhaíochtaí roghnaithe ó na trí bhraisle i dtéarmaí a dtorthaí/dtáirgí insoláthartha measta, a rannchuidiú coincreiteach i ndáil le pacáistí oibre ábhartha, agus a gcomhlíontacht maidir le cuspóirí foriomlána an tionscadail; • Modheolaíocht: cáilíocht agus indéantacht na modheolaíochta atá beartaithe agus a iomchuí atá sé chun na torthaí a bhfuil coinne leo a bhaint amach; • Bainistíocht: léiríonn an comhordaitheoir bainistíocht ardcháilíochta, an cumas chun líonraí trasnáisiúnta a chomhordú agus ceannaireacht i dtimpeallacht chasta, agus bunaíonn an comhordaitheoir socrúithe láidre bainistíochta. Sainítear amlínte, eagrú, cúraimí agus freagrachtaí go soiléir agus tá siad réalaíoch. Leis an togra leithdháiltear acmhainní iomchuí ar gach gníomhaíocht. Sainmhínítear tacar soiléir <i>príomhtháscairí feidhmíochta</i>, agus amlíne chun iad a mheasúnú agus a bhaint amach; • Buiséad: déantar foráil sa bhuiséad maidir le hacmhainní iomchuí a bhfuil gá leo chun go n- éireodh leis an tionscadal, ní dhéantar rómheastachán ar an mbuiséad ná ní mheastar faoina luach é; • Plean oibre: cáilíocht and éifeachtacht an phlean oibre, lena n- áirítear a mhéid atá na hacmhainní atá sannta do phacáistí oibre i gcomhréir lena gculpóirí agus lena dtáirgí insoláthartha; • Rialú airgeadais agus cáilíochta: le bearta rialaithe (meastóireacht leanúnach ar cháilíocht, piarmheasúnuithe, gníomhaíochtaí tagarmharcála, srl.) agus táscairí cáilíochta áiríthítear go gcuirtear an tionscadal chun cinn ar bhealach ardcháilíochta agus costéifeachtúil. Sainaithnítear dúshláin/rioscaí an tionscadail go soiléir agus téitear i ngleic le bearta maolaithe go hiomchuí. Beartaítear próisis athbhreithnithe shaineolaigh mar chuid lárnach den tionscadal. Leis na próisis sin áirítear measúnú seachtrach neamhspleách i lár téarma agus deireadh an tionscadail; • Má áirítear gníomhaíochtaí soghluaisteachta (le haghaidh foghlaimoírí agus/nó baill foirne) leis an tionscadal: - Cáilíocht na socrúithe praiticiúla, an bhainistithe agus na módúlachtaí tacaíochta; - A mhéid atá na gníomhaíochtaí sin iomchuí do chuspóirí an tionscadail agus a mhéid a bheidh an líon iomchuí rannpháirtithe páirteach iontu; - Cáilíocht na socrúithe chun torthaí foghlama na rannpháirtithe a aithint agus a bhailíochtú, i gcomhréir le huirlisí agus príonsabail trédhearcachta agus aitheantais Eorpacha.

Cáilíocht na comhpháirtíochta agus na socruithe comhair (scór uasta 20 pointe)	• Cumraíocht: mar chuid den togra tá meascán iomchuí d’eagraíochtaí rannpháirteacha comhlántacha ag a bhfuil an phróifíl, na hinniúlachtaí, an taithí agus an saineolas is gá chun gach gné den tionscadal a chur i gcrích go rathúil. Ní mór ról gach comhpháirtí a shainaithint go soiléir agus a bhreisluach a mhíniú; • Cóineasú aníos: a mhéid a thugtar le chéile leis an gcomhpháirtíocht eagraíochtaí atá gníomhach i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, nó i saol na hoibre, atá ag céimeanna éagsúla d’fhorbairt cineálacha cur chuige maidir le barr feabhais gairme, agus lena gcumasaítear malartú rianúil agus éifeachtach saineolais agus eolais i measc na gcomhpháirtithe sin; • Éirim gheografach: a mhéid a áirítear leis an gcomhpháirtíocht comhpháirtithe ábhartha ó réigiúin gheografacha éagsúla, chomh maith lena mhéid a spreag an t-iarratasóir comhdhéanamh geografach na comhpháirtíochta agus a léirigh sé a ábharthacht maidir le baint amach chuspóirí na nIonad Barr Feabhais Gairme; chomh maith lena mhéid a áirítear leis an gcomhpháirtíocht réimse leathan iomchuí de gach gníomhaí ábhartha ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach; • Rannpháirtíocht tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár: más infheidhme, mínigh go soiléir conas a thugann rannpháirtíocht eagraíochtaí rannpháirteacha ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár breisluach fíor- riachtanach don tionscadal; • Comhar: beartaítear sásra éifeachtach chun comhordú, cinnteoireacht agus cumarsáid mhaith a áirithiú idir na heagraíochtaí rannpháirteacha, na rannpháirtithe agus aon gheallsealbhóirí ábhartha eile.
Tionchar (scór uasta 20 pointe)	• Saothrú: léirítear leis an togra conas a úsáidfidh na comhpháirtithe agus geallsealbhóirí eile torthaí an tionscadail seo. Foráiltear ann modhanna chun an saothrú a thomhas laistigh de shaolré an tionscadail agus ina dhiaidh sin; • Scaipeadh: leis an togra soláthraítear plean soiléir maidir le scaipeadh na dtorthaí, agus áirítear spriocanna, gníomhaíochtaí iomchuí, uainiú, uirlisí agus bealaí ábhartha lena áirithiú go ndéanfar na torthaí agus na tairbhí a scaipeadh go héifeachtach ar gheallsealbhóirí, lucht ceaptha beartas, gairmithe treoraíochta, fiontair, foghlaimoirí óga, srl. laistigh de shaolré an tionscadail agus ina dhiaidh sin; léirítear freisin leis an togra na comhpháirtithe a bheidh freagrach as an scaipeadh; • Tionchar: léirítear leis an togra tionchar féideartha an tionscadail: - Ar rannpháirtithe agus eagraíochtaí rannpháirteacha le linn shaolré an tionscadail agus ina dhiaidh sin; - Lasmuigh de na heagraíochtaí agus daoine aonair atá go díreach rannpháirteach sa tionscadal, chomh maith leis an bhféidearthacht maidir le cuíchóirí go forbairt scileanna gairmoideachais agus gairmoiliúna réigiúnach, náisiúnta agus/nó Eorpach. Áirítear sa togra seo bearta chomh maith le spriocanna agus táscairí atá sainithe go soiléir chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar measta (sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma); • Inbhuanaitheacht: mínítear sa togra conas a rollfar amach an tIonad Barr Feabhais Gairme agus a dhéanfar forbairt bhreise air. Áirítear sa togra dearadh plean gníomhaíochta fhadtéarmaigh le haghaidh rolladh amach céimneach tháirgí insoláthartha an tionscadail nuair a bheidh deireadh tagtha leis an tionscadal. Beidh an plean sin bunaithe ar chomhpháirtíochtaí leanúnacha idir soláthraithe oideachais agus oiliúna agus príomh-gheallsealbhóirí tionscail ar an leibhéal iomchuí. Ba cheart a áireamh ann sainaithint struchtúr rialachais iomchuí, mar aon le pleananna le haghaidh inscálaitheachta agus inbhuanaitheacht airgeadais, lena n-áirítear sainaithint acmhainní airgeadais (Eorpacha, náisiúnta agus príobháideacha) lena áirithiú go mbeidh na torthaí agus na tairbhí a bhainfear amach inbhuanaitheacht san fhadtéarma.

Le bheith incháilithe ar chistiú, ní mór d’iarratais **70 pointe** ar a laghad a ghnóthú (as 100 pointe ar an iomlán), agus an scór pas riachtanach le haghaidh gach ceann de na ceithre chritéar dámhachtana á chur san áireamh freisin: ar a laghad 18 bpointe le haghaidh na catagóire ‘ábharthacht an tionscadail’; ar a laghad 13 phointe le haghaidh ‘cáilíocht dhearadh agus chur chun feidhme an tionscadail’ agus 11 phointe le haghaidh na gcatagóirí ‘cáilíocht na comhpháirtíochta agus

na socruithe comhair' agus 'tionchar'. I gcásanna ex aequo, tabharfar tosaíocht do na scóir is airde le haghaidh 'ábharthacht an tionscadail' agus ansin 'tionchar'.

Mar riail ghinearálta, agus laistigh de theorainneacha na gcreataí dlíthiúla náisiúnta agus Eorpacha atá ann cheana, ba cheart na torthaí a chur ar fáil mar **acmhainní oscailte oideachais** (OER) agus, chomh maith leis sin, ar ardáin údarás ábhartha, gairmiúil, earnála nó inniúil. Tabharfar tuairisc sa togra ar an gcaoi a ndéanfar na sonraí, na hábhair, na doiciméid agus na gníomhaíochtaí closamhairc agus meán sóisialta a tháirgfear a chur ar fáil gan srian agus a chur chun cinn trí cheadúnais oscailte, agus ní bheidh teorainneacha díreireacha ann.

An Séala Barr Feabhais

Maidir leis na tograí tionscadail, a ndearnadh meastóireacht orthu agus a bhí os cionn na dtairseach cáilíochta, le scór iomlán a bhí **cothrom le 75 % nó níos mó ná sin**, tograí nach féidir a mhaoiniú faoi Erasmus+ de bharr easpa buiséid faoin nglao seo ar thograí, féadfar deimhniú ar **Shéala Barr Feabhais** a bhronnadh air chun dearbhú a thabhairt maidir le cáilíocht an togra agus chun maoiniú eile ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach a éascú.

Is deimhniú lipéid cáilíochta é an Séala Barr Feabhais a bhronntar ar thograí tionscadail ardcháilíochta nach féidir a mhaoiniú faoi Erasmus+ toisc nach bhfuil cistí leordhóthanacha ann²²⁹. Aithnítear leis an lipéad cáilíocht an togra agus éascaítear an cuardach le haghaidh maoiniú eile leis. Féadfaidh comhlachtaí maoinithe ar leibhéal náisiúnta nó réigiúnach cinneadh a dhéanamh togra an tionscadail is sealbhóir Séala a mhaoiniú go díreach ar bhonn an phróisis meastóireachta ardcháilíochta arna dhéanamh ag saineolaithe neamhspleácha an Choimisiúin, gan próiseas meastóireachta iomlán nua a dhéanamh. Féadfar a éascú le bronnadh an tSéala Barr Feabhais maoiniú eile ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) nó ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (ESF+), i gcomhréir le hAirteagal 73(4) de Rialachán na bhForálacha Coitianta (RFC)²³⁰.

Ba cheart iarratasóirí a chur ar an eolas nach dtugtar ráthaíocht maidir le maoiniú uathoibríoch eile le bronnadh deimhniú Séala Barr Feabhais, toisc go bhfuil an cinneadh maidir le maoiniú féideartha tograí tionscadail is sealbhóir Séala go hiomlán faoi **lánrogha** Údaráis Bainistíochta na gCistí Beartais Comhtháthaithe, faoi CFRE nó CSE+, nó comhlachtaí maoiniúcháin eile ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach.

Má thugann an t-iarratasóir réamh-údarú san fhoirm iarratais, féadfar sonraí an togra tionscadail is sealbhóir Séala a roinnt le hÚdaráis Bainistíochta na gCistí Beartais Comhtháthaithe ar leibhéal náisiúnta nó réigiúnach trí na Gníomhaireachtaí Náisiúnta, agus rialacha lena rialaítear rúndacht an togra agus cosaint sonraí pearsanta á gcomhlíonadh ina n-iomláine.

CAD IAD NA RIALACHA CISTIÚCHÁIN ATÁ ANN?

Leanann an ghníomhaíocht seo samhail cistiúcháin cnapshuime. Cinnfear méid na ranníocaíochta cnapshuime aonair le haghaidh gach deontais bunaithe ar bhuiséad measta na gníomhaíochta atá beartaithe ag na hiarratasóirí. Socróidh an t-údarás deonúcháin cnapshuim gach deontais bunaithe ar an togra, ar an toradh meastóireachta, ar na rátaí cistiúcháin agus ar uasmhéid an deontais atá socraithe sa ghlao.

²²⁹ Airteagal 32(3) de Rialachán Erasmus+ 2021-2027.

²³⁰ EUR-Lex - 32021R1060 - GA - EUR-Lex (europa.eu)

Is é EUR 4 mhilliún an deontas uasta ón Aontas in aghaidh
an tionscadail

CONAS A CHINNTÉAR CNAPSHUIM AN TIONSCADAIL?

Ní mór d'iarratasóirí tábla buiséid mionsonraithe a líonadh isteach de réir na foirme iarratais, agus na pointí seo a leanas á gcur san áireamh:

- a) Ba cheart an buiséad a bheith mionsonraithe mar is gá ag an tairbhí/na tairbhíthe agus eagraithe i bpacáistí oibre comhleanúnacha (mar shampla roinnte i 'bainistíocht tionscadail', 'oiliúint', 'eagrú imeachtaí', 'ullmhú agus cur chun feidhme na soghluaisteachta', 'cumarsáid agus scaipeadh', 'dearbhu cáilíochta', srl.);
- b) Leis an togra ní mór tuairisc a thabhairt ar na gníomhaíochtaí a chumhdaítear le gach pacáiste oibre;
- c) Ní mór d'iarratasóirí miondealú ar an gcnaphuim a sholáthar ina dtogra lena léirítear an scair in aghaidh an phacáiste oibre (agus, laistigh de gach pacáiste oibre, an scair atá sannta do gach tairbhí agus eintiteas cleamhnaithe);
- d) Sna costais ar a dtugtar tuairisc is féidir costais ball foirne, costais taistil agus chothaithe, costais trealaimh agus fochonraitheoireachta mar aon le costais eile (amhail scaipeadh faisnéise, foilsíú, aistriú) a chumhdach.

Déanfar meastóireacht ar thograí de réir na nósanna imeachta meastóireachta caighdeánacha le cuidiú ó shaineolaithe inmheánacha agus/nó seachtracha. Déanfaidh na saineolaithe measúnú ar cháilíocht na dtograí de réir na gceanglas a shainítear sa ghlaio agus thionchar, cháilíocht agus éifeachtúlacht mheasta na gníomhaíochta.

I ndiaidh na meastóireachta ar an togra, cinntfidh an t-oifigeach údarúcháin méid na cnaphuime, agus torthaí an mheasúnúcháin a rinneadh á gcur san áireamh. Beidh an chnaphuim teoranta do 80 % ar a mhéad den bhuiséad measta a chinntear tar éis na meastóireachta.

Socrófar paraiméadair an deontais (uasmhéid deontais, ráta cistiúcháin, costais incháilithe iomlána, srl.) sa chomhaontú deontais. Ní cheadaítear tacaíocht airgeadais do thríú páirtithe. Cheadaítear costais oibrithe deonacha agus FBManna. Féach Cuid C den Treoir Cláir seo, an roinn 'Costais dhíreacha incháilithe'.

Déanfar meastóireacht ar éachtaí an tionscadail de réir na dtorthaí a chuirtear i gcrích. Leis an scéim cistiúcháin sin, féadfar díriú ar na haschuir seachas ar na hionchuir, rud a chuirfeadh béim ar cháilíocht agus leibhéal gnóthachtála cuspóirí intomhaiste.

Ní mór a áireamh sa togra costais do chruinniú bliantúil amháin ar a laghad (ionadaí amháin nó gach comhpháirtí iomlán den tionscadal) arna eagrú nó arna thionscnamh ag an gCoimisiún Eorpach/nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr chun dea-chleachtais agus foghlaim fhrithpháirteach a mhalartú idir Ionaid Barr Feabhais Gairme.

Tugtar tuairisc ar níos mó mionsonraí i samhail an chomhaontaithe deontais atá le fáil ar an Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana (TDCT).

GNÍOMHAÍOCHT ERASMUS MUNDUS

Cuimsíonn gníomhaíocht Erasmus Mundus:

- **Beart 1: Comhchéim Mháistir Erasmus Mundus (EMJM) agus**
- **Beart 2: Bearta Deartha Erasmus Mundus (EMDM).**

Is é is aidhm don ghníomhaíocht seo barr feabhais agus idirnáisiúnú domhanda institiúidí ardoideachais a chothú trí chlár staidéir – ar an leibhéal máistreachta – atá tugtha agus aitheanta go comhpháirteach ag institiúidí ardoideachais bunaithe san Eoraip, agus oscailte d’institiúidí i dtíortha eile den domhan.

Dhá bheart neamhspleácha atá i gceist le Comhchéim Mháistir Erasmus Mundus agus Bearta Deartha Erasmus Mundus. Níl aon oibleagáid ann EMDM a chur chun feidhme roimh EMJM. Le dámhachtain EMDM ní thugtar le tuiscint maoiniú uathoibríoch faoi EMJM ní critéar dámhachtana le haghaidh EMJM cur i gcrích tionscadail EMDM.

Beart 1: Comhchéim Mháistir Erasmus Mundus (EMJM)

Le gníomhaíocht EMJM, tacaítear le clár staidéir thrasnáisiúnta chomhtháite ardleibhéil ar leibhéal máistreachta²³¹ atá soláthartha ag cuibhreannas idirnáisiúnta institiúidí ardoideachais ó thíortha éagsúla ar fud an domhain agus, i gcás inarb ábhartha, comhpháirtithe eile oideachais agus/nó neamhoideachais ag a bhfuil saineolas sonrach agus spéis sna réimsí staidéir/gairmiúla lena mbaineann.

Clár barr feabhais is ea iad EMJManna, agus ba cheart dóibh rannchuidiú le lánpháirtiú agus idirnáisiúnú Limistéar Eorpach an Ardoideachais (EHEA). Baineann saineúlacht EMJManna leis an leibhéal ard comhpháirtíochta/lánpháirtíochta atá i measc na n-institiúidí rannpháirteacha agus barr feabhais a n-inneachair acadúil.

CUSPÓIRÍ EMJM

Is é is aidhm do EMJM tarraingteacht agus barr feabhais an ardoideachais Eorpaigh ar domhan agus daoine cumasacha a mhealladh chun na hEorpa, trí mheascán díobh seo a leanas:

- (i) comhar acadúil institiúideach chun an barr feabhais Eorpach san ardoideachas a chur i láthair, agus
- (ii) soghluaisteacht aonair le haghaidh na mac léinn uile atá rannpháirteach in EMJM, agus scoláireachtaí atá maoinithe ag an Aontas le haghaidh na mac léinn is fearr a dhéanann iarratas

²³¹ LEIBHÉAL 7 DEN AICMIÚ IDIRNÁISIÚNTA CAIGHDEÁNACH AR AN OIDEACHAS ISCED 2011.

CÉ NA CRITÉIR ATÁ LE COMHLÍONADH CHUN IARRATAS A DHÉANAMH AR COMHCHEÍM MHÁISTIR ERASMUS MUNDUS?

CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Ní mór do thograí tionscadail maidir le Comhcheím Mháistir Erasmus Mundus na critéir seo a leanas a chomhlíonadh le bheith incháilithe do dheontas Erasmus:

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí (comhordaitheoir agus comhpháirtithe iomlána) a bheith ina n-eintitis dhlítheanacha: - institiúidí ardoideachais; - atá bunaithe i mBallstát den Aontas, i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtír incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. Ní mór Cairt Ardoideachais Erasmus (ECHE) bhailí a bheith ag institiúidí ardoideachais atá bunaithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Ní gá ECHE a bheith ag institiúidí ardoideachais rannpháirteacha ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, ach ceanglófar orthu gealltanais a thabhairt dá prionsabail. Maidir le comhlachais nó eagraíochtaí institiúidí ardoideachais, eagraíochtaí poiblí nó príobháideacha (a n-eintitis chomhlachaithe san áireamh) a chuireann go díreach agus go gníomhach le soláthar Chomhcheím Mháistir Erasmus Mundus agus iad bunaithe i mBallstát den Aontas, i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtír incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, féadfaidh siad a bheith páirteach ach ní mar chomhordaitheoir. Ina theannta sin, féadfaidh clár staidéir EMJM tairbhiú freisin de rannpháirtíocht comhpháirtithe comhlachaithe (roghnach). Ag céim an iarratais²³², ní mór d'institiúidí ardoideachais ar comhpháirtithe iomlána iad a bheith in ann a léiriú gur chomhlíon siad na ceanglais maidir le dearbhú cáilíochta seachtrach a ndlínse le haghaidh an chlár chomhpháirtigh. D'fhéadfadh sé sin a bheith mar thoradh (i) ar chur chun feidhme rathúil an Chur Chuige Eorpaigh um dhearbhu cáilíochta clár comhpháirteach (má cheadaítear sin faoin reachtaíocht náisiúnta), (ii) nó a bheith bunaithe ar chreidiúnú/meastóireacht shonrach an chlár chomhpháirtigh, (iii) nó ar gach comhchuid náisiúnta ar ar a bonn atá EMJM comhdhéanta. Eisceacht: níl eagraíochtaí ón mBealarúis (Réigiún 2) ná ó Chónaidhm na Rúise (Réigiún 4)
--	--

²³² Ach amháin má tá forálacha sonracha agus oifigiúla atá nasctha le cur chun feidhme Erasmus Mundus i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta / réigiúnach (le hiniúchadh ag EACEA ar bhonn cáis ar chás)

	incháilithe chun páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht sin.
Comhdhéanamh cuibhreannais	Ní mór do chuibhreannas ina bhfuil trí iarratasóir is institiúid ardoideachais ar a laghad (comhordaitheoir agus comhpháirtithe iomlána) ó trí thír éagsúla, lena gcuimsítear dhá cheann de Bhallstáit den Aontas agus/nó tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár tograí a chur isteach. Ní chuirtear eintitis chleamhnaithe san áireamh sna critéir íosta incháilitheachta le haghaidh chomhdhéanamh an chuibhreannais.
Ionad na gníomhaíochtaí	Is féidir gníomhaíochtaí a reáchtáil in aon tír incháilithe.
Fad an tionscadail	Ba cheart do thionscadail maireachtáil ar feadh 74 mhí de ghnáth (is féidir síneadh a chur leo, má tá údar cuí leis agus trí bhíthin leasaithe). Ní féidir le Comhchéimeanna Máistir Erasmus Mundus (EMJMDanna) ná Comhchéimeanna Máistir (EMJManna) a cistíodh roimhe sin cur isteach ar athnuachan ach ar a luaithe an bhliain sula dtagann an conradh chun deiridh. Ní féidir, in imthoisc ar bith, le dhá eagrán de mháistreacht atá maoinithe le dhá chomhaontú deontais éagsúla tosú an bhliain acadúil chéanna.
Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh?	Faoi bhráid na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr. Uimhir aitheantais an Ghlaio: ERASMUS-EDU-2023-PEX-EMJM-MOB
Cathain is féidir iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí a n-iarratas ar dheontas a chur isteach faoin 16 Feabhra ar 17:00:00 (am na Bruiséile) .

Déanfar measúnú ar eagraíochtaí is iarratasóirí de réir na gcritéir eisiaimh agus roghnúcháin ábhartha. Chun breis faisnéise a fháil féach Cuid C den Treoir seo.

TIONSCADAL A BHUNÚ

Tá coinne leis go gcomhlíonfaidh EMJManna na ceanglais seo a leanas:

- 1) Curaclam **atá deartha go comhpháirteach agus atá lánpháirtithe ina iomláine** a áireamh lena gcloítear leis na Caighdeáin um dhearbhu cáilíochta clár comhpháirteach i Limistéar Eorpach an Ardoideachais (EHEA)²³³ is infheidhme ar dháta an iarratais EMJM. Cumhdaítear leis na caighdeáin sin príomhghnéithe clár comhpháirteach, ó thaobh dearadh, cur chun feidhme, soláthar agus dearbhú cáilíochta comhpháirteach.

De bhreis ar na Caighdeáin maidir le Dearbhú Cáilíochta Clár Comhpháirteach, cuirtear na nósanna imeachta cur chun feidhme comhpháirteacha/comhchoiteanna seo a leanas i dtábhacht le EMJManna:

- Ceanglais chomhpháirteacha maidir le hiontráil mac léinn agus rialacha/próisis iarratais, roghnúcháin, beartas táillí, monatóireachta, scrúdaithe/measúnaithe feidhmíochta;

²³³ <https://www.eqar.eu/kb/joint-programmes/agreed-standards/>

- Gníomhaíochtaí comhpháirteacha maidir le dearadh an chlár agus teagasc/oiliúint comhtháite lena n-áirítear beartas teanga atá comhaontaithe go comhpháirteach agus próiseas comhpháirteach chun tréimhsí staidéir laistigh den chuibhreannas a aithint;
- Seirbhísí coiteanna a thairgtear do mhic léinn (mar shampla cúrsaí teanga, tacaíocht víosa);
- Gníomhaíochtaí comhpháirteacha cur chun cinn agus múscaíte feachtas chun infheictheacht dhomhanda an chlár, chomh maith le scéim scoláireachtaí Erasmus Mundus, a áirithiú. Ba cheart a áireamh leis an straitéis cur chun cinn suíomh gréasáin sonrach atá comhtháite agus cuimsitheach (i mBéarla, chomh maith leis an bpríomhtheanga theagaisc nó na príomhtheangacha teagaisc más éagsúil) ina soláthraítear an fhaisnéis riachtanach uile maidir leis an gclár le haghaidh mic léinn agus geallsealbhóirí ábhartha eile amhail fostóirí amach anseo;
- Bainistíocht chomhpháirteach riaracháin agus airgeadais ag an gcuibhreannas;
- Spreagtar céimeanna comhpháirteacha, má cheadaítear sin faoin reachtaíocht náisiúnta.

- 2) Ní mór do **chuibhreannas institiúidí ardoideachais EMJM a sholáthar**, in éineacht le comhpháirtithe eile oideachais agus neamhoideachais i gcás inarb ábhartha, atá bunaithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. Ní mór a chuimsiú leis an gcuibhreannas trí institiúid ardoideachais ar a laghad ó thrí thír éagsúla, agus ní mór do dhá cheann díobh ar a laghad a bheith ina mBallstáit den Aontas agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár.

Ní mór do gach institiúid ardoideachais, ar comhpháirtithe iomlána iad (ó Bhallstáit den Aontas nó tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár nó tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár) a bheith ina n-institiúidí a bhronnann céimeanna ar leibhéal na Máistreachta agus ní mór dóibh céim chomhpháirteach nó ilchéim lena ndearbhaítear cur i gcrích rathúil an chlár EMJM ar na mic léinn a chomhlíonann riachtanais na céime. Ní mór gealltanais institiúideach riachtanach gach eagraíochta atá rannpháirteach sa chuibhreannas EMJM a áirithiú sula gcláraítear na chéad mhic léinn, agus sin chun leabú agus tacaíocht láidir institiúideach a ráthú. Tugtar an gealltanais sin i bhfoirm comhaontaithe comhpháirtíochta EMJM nach mór do gach institiúid comhpháirtíochta (lena n-áirítear comhpháirtithe comhlachaithe má mheastar gur ábhartha sin) é a shíniú. Ba cheart d'institiúidí ardoideachais ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár gealltanais a thabhairt go gcloífidh siad le prionsabail ECHE sa chomhaontú comhpháirtíochta seo. Beidh ar an gComhaontú Comhpháirtíochta EMJM gach gné acadúil, oibriúcháin, riaracháin agus airgeadais a bhaineann le cur chun feidhme EMJM agus bainistíocht scoláireachtaí EMJM a chuimsiú (féach thíos). Ní mór dréacht-Chomhaontú Comhpháirtíochta a chur ar fáil ag céim an iarratais.

Féadfaidh clár staidéir EMJM tairbhiú freisin de rannpháirtíocht comhpháirtithe comhlachaithe (roghnach). Rannchuidíonn na heagraíochtaí sin go hindíreach le cur chun feidhme cúraimí/gníomhaíochtaí sonracha agus/nó tacú le scaipeadh agus inbhuanaitheacht EMJM. Féadfaidh an rannchuidiú sin a bheith, mar shampla, i bhfoirm aistriú eolais agus scileanna, soláthair cúrsaí comhlántacha nó féidearthachtaí tacaíochta le haghaidh tréimhse iasachta nó socrúcháin. Le haghaidh gnéithe incháilitheachta agus conarthachta, ní mheastar gur tairbhithe den chlár cistiúcháin iad.

- 3) **Mic léinn den scoth a chlárú ó gach cearn den domhan.** Roghnú agus earcú mac léinn aonair, agus an monatóireacht a dhéantar orthu, tagann siad faoi fhreagracht an chuibhreannais EMJM. Ní mór roghnú na mac léinn a eagrú ar bhealach trédhearcach, neamhchlaonta agus cothromasach. I measc na mac léinn sin, féadfaidh cuid acu tairbhiú de scoláireacht EMJM.

Cláraíonn EMJM mic léinn ar leibhéal Máistreachta a bhfuil an chéad chéim ardoideachais bainte amach acu nó a léiríonn leibhéal coibhéiseach aitheanta foghlama de réir na reachtaíochta náisiúnta agus na gcleachtas sna tíortha/sna h-institiúidí inar bronnadh an chéim. Ba cheart don chéad ghlúin de mhic léinn chláráithe tús a chur leis an staidéar tráth nach déanaí ná an bhliain acadúil tar éis na bliana ina roghnaítear an tionscadal.

D'fhoill trédhearcacht iomlán a ráthú, agus chun cearta agus freagrachtaí na mac léinn cláraithe uile a shainiú, ní mór don dá pháirtí (is é sin, mic léinn chláraithe agus cuibhreannas EMJM) Comhaontú Mic Léinn a shíniú nuair a chláraíonn mac léinn sa chlár. Ní mór teimpléad an Chomhaontaithe Mic Léinn a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin EMJM.

- 4) **Soghluaisteacht fhisiceach éigeantach le haghaidh gach mic léinn chláraithe** a áireamh: Ní mór na rianta soghluaisteachta agus an sásra chun tréimhsí staidéir a aithint i measc na n-institiúidí comhpháirtíochta a chomhaontú laistigh den chuibhreannas ag céim iarratais an tionscadail.

Ní mór a áireamh le EMJM soghluaisteacht fhisiceach éigeantach le haghaidh gach mic léinn atá cláraithe (bíodh scoláireacht EMJM acu nó ná bíodh) lena gcuimsítear ar a laghad dhá thréimhse staidéir in dhá thír, agus ní mór do cheann amháin díobh ar a laghad a bheith ina mBallstát den Aontas nó ina dtír nach bhfuil san Aontas ach atá comhlachaithe leis an gClár. Ní mór don dá thír sin a bheith éagsúil le tír chónaithe an mhic léinn ag céim an chlárúcháin. Ní mór don dá thréimhse staidéir shainordaitheacha araon a bheith ag comhfhreagairt d'ualach oibre seimeastair acadúil amháin (30 creidiúint ECTS nó a choibhéis)²³⁴.

Ní mór gach thréimhse staidéir ar chlár máistreachta a chaitheamh in institiúidí ardoideachais ar comhpháirtithe iomlána iad, nó faoina maoirseacht dhíreach.

Ní féidir soghluaisteacht fhíorúil (cianfhoghlaim) a chur in ionad tréimhsí soghluaisteachta éigeantacha.

- 5) **Malartú ball foirne agus aoi- scoláirí** a chur chun cinn chun rannchuidiú le gníomhaíochtaí teagaisc, oiliúna, taighde agus riaracháin.

6) **Ní mór a bheith mar thoradh ar chur i gcrích rathúil an chlár chomhpháirtigh EMJM bronnadh céime comhpháirtí** (is é sin, aon dioplóma amháin atá bronnata ag dhá institiúid ardoideachais ar a laghad ó thíortha éagsúla, agus ní mór do cheann díobh ar a laghad a bheith ina Ballstát den Aontas nó ina tír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár), **nó ilchéimeanna** (is é sin, dhá dhioplóma ar a laghad atá bronnata ag dhá institiúid ardoideachais ó thíortha éagsúla, agus ní mór do cheann díobh sin ar a laghad a bheith ina Ballstát den Aontas nó ina tír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár), nó meascán díobh sin.

Bainfidh **an chéim nó na céimeanna a bhronnfar ar chéimithe** leis na córais céimeanna ardoideachais de na tíortha ina bhfuil na h-institiúidí ardoideachais bunaithe. Ní mór do na h-institiúidí ardoideachais dámhachtana go léir ar comhpháirtithe iomlána iad an chéim nó na céimeanna a aithint go frithpháirteach. Ní mór do chuibhreannais Forlíonadh Dioplóma comhpháirteach a sholáthar do mhic léinn i ndeireadh a staidéar, lena gcumhdaítear inneachar iomlán an chlár máistreachta.

Ag céim an iarratais, ní mór do thograí EMJM clár staidéir chomhpháirteacha lánfhorbartha a chur i láthair atá réidh le reáchtáil agus ar féidir fógraíocht a dhéanamh orthu ar fud an domhain go díreach tar éis a roghnaithe. Níl aon teorainn ann ó thaobh disciplíní de.

Le hais na ranníocaíochta airgeadais chun clár chomhchéime máistir a reáchtáil (féach an roinn thíos maidir le rialacha cistiúcháin), aon tionscadal atá maoinithe EM a chríochnaíonn sa thréimhse 2021-2027 (lena n-áirítear na cinn sin a tosaíodh le linn na thréimhse 2014-2020) féadfar leanúint den chúrsa a reáchtáil mar mháistir Erasmus Mundus le haghaidh suas le trí eagrán bhreise tar éis dheireadh na gníomhaíochta, ar choinníoll go dtiocfaidh scór 75 nó níos mó as an measúnú ar na comhaontuithe deontais a dhéanann EACEA ag an gcéim thuairisciúcháin chríochnaitheach. Leis an máistreacht lena mbaineann ba cheart gealltanais a thabhairt go (i) leanfar de chuspóirí, raon feidhme agus tionchar measta na gníomhaíochta a urramú, (ii) rachfar i mbun plé chun leanúnachas leis an gclár máistreachta a cistiódh roimhe sin a áirithiú agus (iii) soláthrófar tuarascáil ghníomhaíochta i ndeireadh na thréimhse lena mbaineann.

²³⁴ Go heisceachtúil, i gcás clár staidéir de 60 creidiúint ECTS is féidir le gach ceann de na tréimhsí staidéir éigeantacha a bheith ionann agus 20 ECTS nó a choibhéis ar a laghad.

TIONCHAR MEASTA

Ar leibhéal córais

- Comhar acadúil a chothú laistigh de EHEA agus lastall de ach tacú leis an teagasc comhpháirteach agus le cáilíochtaí comhpháirteacha, feabhsúcháin ar an gcáilíocht, cur chun cinn an bharr feabhais acadúil;
- Feabhas a chur ar éirim idirnáisiúnta an ardoideachais trí chomhar idir institiúidí san Eoraip agus ar an gcoigríoch, agus tríd an tsoghluaisteacht do na mic léinn is fearr ar fud an domhain;
- Cur leis na sineirgí idir an t-ardoideachas, an nuálaíocht agus an taighde;
- Bacainní roimh ar an bhfoghlaím a bhaint, feabhas a chur ar an rochtain ar oideachas ardchaighdeán faoi thionchar na nuálaíochta, agus é a éascú d'fhoghlaimeoirí bogadh idir tíortha;
- Freagairt a thabhairt ar riachtanais shochaíocha agus an mhargaidh saothair;
- Rannchuidiú le forbairt beartas oideachais nuálach.

Ar an leibhéal institiúideach

- Deiseanna níos mó a thabhairt d'institiúidí ardoideachais Eorpacha agus neamh-Eorpacha i ndáil le comhar acadúil struchtúrtha inbhuanaithe ar fud an domhain;
- Feabhas a chur ar cháilíocht clár ar an leibhéal máistreachta agus ar shocruithe maoirseachta;
- Cur le hidirnáisiúnú agus le hiomaíochas eagraíochtaí rannpháirteacha;
- Tacú le cruthú líonraí nua agus feabhas a chur ar cháilíocht na líonraí atá ann cheana;
- Cur le tarraingteacht na heagraíochta rannpháirtí nó na ne-eagraíochtaí rannpháirteacha do mhic léinn éirimiúla;
- Rannchuidiú le beartais institiúidí ardoideachais i ndáil le hidirnáisiúnú trí fheasacht idirnáisiúnta a fhorbairt trína gcuraclaim agus straitéisí cuimsitheacha maidir leis an idirnáisiúnú a dhearadh (comhar institiúideach agus soghluaisteacht trasteorann daoine).

Ar leibhéal an duine aonair

- Feabhas a chur ar infhostaitheacht mac léinn rannpháirteach,
- Feabhas a chur ar príomhinniúlachtaí agus scileanna mac léinn;
- Meonta agus cineálacha cur chuige nua a chruthú i ndáil leis an léann acadúil trí eispéireas idirnáisiúnta, idirdhisiplíneach, idirearnálach agus idirchultúrtha;
- Feabhas a chur ar inniúlachtaí líonraithe agus cumarsáide na mac léinn;
- Cur le rannchuidiú an duine aonair leis an ngeilleagar agus leis an tsochaí eolasbhunaithe.

CRITÉIR DHÁMHACHTANA

Ábharthacht an tionscadail (scór uasta 30 pointe)	Cúlra agus cuspóirí ginearálta - Aidhmeanna foriomlána agus cuspóirí ginearálta an tionscadail agus a n-ábharthacht i ndáil le EMJM. Anailís riachtanas agus cuspóirí sonracha - Réasúnaíocht an tionscadail agus anailís riachtanas ar a bhfuil an togra bunaithe; - Saincheisteanna/dúshláin/bearnaí agus cuspóirí sonracha a bhfuil sé d'aidhm ag an tionscadal aghaidh a thabhairt orthu i dtéarmaí acadúla, agus maidir le riachtanais na sochaí agus an mhargaidh saothair. Comhlántacht i gcomparáid le gníomhaíochtaí eile agus leis an nuálaíocht - Straitéis chun an tsármhaitheas agus an nuálaíocht a chothú; - Tacaíocht do straitéis nuachóiriúcháin agus idirnáisiúnúcháin na gcomhpháirtithe institiúidí ardoideachais; - Uathúlacht agus breisluach an tionscadail nuair a chuirtear i gcomparáid leis na cláir mháistreachta a thairgtear cheana féin; - Straitéis chun cur le tarraingteacht, comhtháthú, idirnáisiúnú, agus chun cur le cuspóirí beartas Limistéar Eorpach an Ardoideachais.
---	--

Cáilíocht dhearadh agus chur chun feidhme an tionscadail (scór uasta 30 pointe)	Coincheap agus modheolaíocht • Comhpháirteachas/comhtháthú EMJM, agus na riachtanais a thuairiscítear faoin roinn ‘Tionscadal a bhunú’ á gcur san áireamh. Go háirithe, tugtar tuairisc sa togra ar na nithe seo a leanas: - An clár acadúil agus conas a áiríteofar barr feabhais agus gnéithe nuálacha san eispéireas foghlama ar fud an chuibhreannais; - Eagrú tréimhsí staidéir lena n-áirítear na híoscheanglais soghluaisteachta agus aitheantas frithpháirteach na dtorthaí foghlama/na gcreidiúintí; - Na prionsabail agus na ceanglais maidir le hiarratais ó mhic léinn, roghnúchán, rannpháirtíocht sa chúrsa, agus leithdháileadh deontas do mhic léinn; - Na seirbhísí a thairgtear do mhic léinn; - Rannchuidiú na mball foirne soghluaiste agus aoi-scoláirí leis an teagasc, oiliúint, taighde agus gníomhaíochtaí riaracháin; - Na bearta tacaíochta sonracha chun rochtain chomhionann agus chuimsitheach a éascú do rannpháirtithe, agus clárú mac léinn/ball foirne/scoláirí dá dtugtar cuireadh ag a bhfuil riachtanais aonair atá nasctha le laguithe fadtéarmacha, fisiceacha, meabhracha, intleachtúla nó céadfacha. Dearbhú cáilíochta, monatóireacht agus straitéis meastóireachta • Na bearta inmheánacha agus seachtracha um dhearbhu cáilíochta an chlár máistreachta; • A mhéid a chloíonn an curaclam atá deartha go comhpháirteach agus atá lánpháirtithe ina iomláine leis na Caighdeáin um Dhearbhú Cáilíochta Clár Comhpháirteach i Limistéar Eorpach an Ardoideachais; • An chéim chomhpháirteach/na céimeanna a sholáthrófar agus aitheantas na céime nó na gcéimeanna sin ag na hinstitiúidí ardoideachais bronnata céime ar comhpháirtithe iomlána iad, mar aon leis an bhforlónadh dioplóma comhpháirteach. Foirne, baill foirne agus saineolaithe tionscadail • Foirne tionscadail agus an bealach a n-oibreoidh siad le chéile chun an tionscadal a chur chun feidhme. Cost-éifeachtacht agus bainistíocht airgeadais • Bainistíocht mhaoiniú an Aontais, úsáid an mhaoinithe chomhlántaigh, agus plean buiséid. Bainistíocht riosca • Sainaithint rioscaí i gcur chun feidhme an tionscadail, agus pleanáil beart maolaithe leormhaith.
---	---

Cáilíocht na comhpháirtíochta agus na socrúithe comhair (scór uasta 20 pointe)	Socrú cuibhreannais - Réasúnaíocht le haghaidh chomhdhéanamh an chuibhreannais agus chomhlántachtaí na gcomhpháirtithe; a mbreisluach le haghaidh chur chun feidhme EMJM agus conas a bhaineann gach comhpháirtí tairbhe as a rannpháirtíocht sa tionscadal; - Cineál nuálach an chuibhreannais agus cuimsiú comhpháirtithe a bhfuil leibhéil éagsúla taithí acu ar an ngníomhaíocht Erasmus Mundus. Más infheidhme: - conas a feabhsaíodh an cuibhreannas Erasmus Mundus atá ann cheana - conas a eagraítear comhar le gníomhaithe neamhoideachais agus cén cuspóir atá leis sin - Sainiú ról agus cúraimí gach comhpháirtí, agus leibhéal na rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí an tionscadail. Bainistíocht chuibhreannais agus cinnteoireacht - Socrúithe comhair, comhlachtaí rialála agus uirlisí bainistíochta go háirithe iad siúd a bhaineann leis an mbainistíocht riaracháin agus airgeadais; - Gealltanas institiúideach na n-institiúidí comhpháirteacha le haghaidh chur chun feidhme EMJM; - Leordhóthanacht an dréacht-Chomhaontaithe Comhpháirtíochta le haghaidh bhainistíocht éifeachtach EMJM.
Tionchar (scór uasta 20 pointe)	Tionchar agus uaillmhian - Tionchar ar leibhéal an chórais (laistigh den saol acadúil agus lasmuigh de, lena n-áirítear an pobal i gcoitinne agus an tsochaí), ar an leibhéal institiúideach (agus béim ar leith ar infhostaitheacht); - Réamh-mheastacháin ó thaobh líon na mac léinn cláraithe laistigh de thráthchlár an tionscadail. Bearta chun cothromaíocht idir tíortha a áirithiú in earcú na mac léinn. Cumarsáid, scaipeadh agus infheictheacht - Straitéis cur chun cinn chun mic léinn shármhaithe a mhealladh ó gach cearn den domhan: spriocghrúpaí, cúraimí na gcomhpháirtithe, agus conas a spreagfar mic léinn chun rannchuidiú le féiniúlacht/pobal Erasmus+; - Straitéis scaipthe, úsáide agus infheictheachta. Inbhuanaitheacht agus leanúnachas - Straitéis maidir le forbairt agus inbhuanaitheacht sa mheántearma/san fhadtearma lasmuigh de thréimhse maoinithe an Aontais, úsáid foinsí maoinithe eile san áireamh; - Sineirgí/comhlántachacht le gníomhaíochtaí eile (arna maoiniú ag an Aontas agus ag comhlachtaí lasmuigh den Aontas) ar féidir leo tógáil ar thorthaí an tionscadail

Ní mór do thograí **70 pointe** ar a laghad a bhaint amach chun go gcuirfeadh san áireamh le haghaidh cistiúcháin é. Thairis sin, ní mór dóibh ar a laghad 22 pointe a bhaint amach le haghaidh an chritéir dámhachtana 'Ábharthacht an tionscadail'. I gcásanna ex aequo, tabharfar tosaíocht do na scóir is airde le haghaidh 'ábharthacht an tionscadail' agus ansin 'tionchar'.

CAD IAD NA RIALACHA CISTIÚCHÁIN ATÁ ANN?

Ríomhtar deontas EMJM ar bhonn na dtrí chomhpháirt seo a leanas:

- ranníocaíocht leis na costais institiúide ar chur chun feidhme an chlár;
- uaslón scoláireachtaí do mhic léinn le bronnadh ar feadh fhad an chomhaontaithe.
- breisiú a bhfuil sé i gceist leis riachtanais speisialta mac léinn faoi mhíchumas

Tá beartaithe go maíneofar leis an ranníocaíocht seo 4 eagrán ar a laghad den chlár Máistreachta, a mhaireann idir bliain acadúil amháin agus 2 bhliain acadúla an ceann (60, 90, nó 120 creidiúint ECTS).

Ranníocaíocht le costais institiúide EMJM

Tá an méid sin i bhfoirm costais aonaid in aghaidh an mhic léinn chláraithe agus tá sé beartaithe leis cuid de na costais atá nasctha le cur chun feidhme chlár EMJM a chlúdach.

Áirítear sna costais aonaid costais ball foirne (ó thaobh teagaisc, taistil), costais aoi-éachtóirí dá dtugtar cuireadh, cur chun cinn, scaipthe, eagraíochtúla (lena n-áirítear cumhdach árachais iomlán le haghaidh mic léinn chláraithe, tacaíocht airgeadais le haghaidh mic léinn chláraithe a bhfuil riachtanais aonair acu i gcás nach gcumhdaítear iad leis an sásra breisithe (féach thíos), cúnamh maidir le lóistín, agus seirbhísí eile le haghaidh mic léinn), costais riaracháin, agus gach costas eile is gá chun clár máistreachta rathúil a chur chun feidhme.

I gcás tionscadail roghnaithe, ní féidir táillí a ghearradh ar iarratais ó mhic léinn. Thairis sin, ní féidir le tionscadail táillí teagaisc ná costais shainordaitheacha eile a bhaineann le rannpháirtíocht mic léinn sa chúrsa a ghearradh ar shealbhóirí scoláireachta Erasmus Mundus.

Seo a leanas an ranníocaíocht uasta leis na costais institiúideacha: **EUR 750/mí x DR x NRES**

I gcás:

- **DR** = fad uasta an chlár máistreachta i míonna (mar shampla 12, 18, 24 mhí)
- **NRES** = an líon mac léinn cláraithe (sealbhóirí scoláireachta agus neamhscoláireachta) atá beartaithe le haghaidh fhad iomlán an chomhaontaithe deontais.

Tugtar faoi deara gurb amhlaidh le haghaidh ríomh an deontais a bheidh uasteorainn 100 le NRES (seachas scoláireachtaí breisithe le haghaidh réigiúin spriocdhírithe den domhan, más infheidhme).

Scoláireachtaí do mhic léinn

Ranníocaíocht a bheidh sa scoláireacht leis na costais a thabhaíonn na mic léinn a thairbhíonn di agus cumhdófar léi costais taistil, víosa, suiteála agus chothabhála. Ríomhtar í ar bhonn costas aonaid míosúil le haghaidh na tréimhse iomláine a bheidh is gá don sealbhóir scoláireachta cláraithe chun an clár staidéir a chur i gcrích (*pro rata* an lín iarmhír laethanta). Cumhdaítear leis an tréimhse sin staidéar, taighde, gníomhaíochtaí socrúcháin, ullmhú agus cosaint an tráchtas, i gcomhréir le ceanglas comhcheime máistir. I rith na tréimhse sin, ní fhéadfar ach iomlán na scoláireachta a bhronnadh agus ní fhéadfar í a bhronnadh ach ar mhic léinn lánaimseartha.

Dámhtar an scoláireacht le haghaidh clárú lánaimseartha, agus cumhdófar fad iomlán an chlár máistreachta léi (is é sin, 12, 18, 24 mhí). Tá fad laghdaithe den scoláireacht infheidhme i gcás ina n-áithnítear réamhfhoghlaim (le fad scoláireachta íosta de bhliain acadúil amháin).

Maidir le mic léinn a fuair scoláireacht EMJM nó scoláireacht roimhe sin, níl siad incháilithe le hiarratas a chur isteach ar scoláireacht bhreise faoi EMJM.

Is féidir scoláireachtaí EMJM a thairiscint do mhic léinn ó gach cearn den domhan. Mar sin féin, ní mór do chuibhreannais cothromaíocht gheografach a áirithiú – is é sin, níor cheart níos mó 10 % den líon iomlán scoláireachtaí a dhámhtar le linn chur chun feidhme an tionscadail a dhámhachtain ar iarrthóirí den náisiúntacht chéanna (níl feidhm ag an riail seo maidir leis na scoláireachtaí breisiúcháin le haghaidh réigiúin spriocdhírithe an domhain, más infheidhme).

Ríomh na scoláireachta uasta in aghaidh an mhic léinn:

Ríomhtar an scoláireacht mar a leanas: **EUR 1 400/mí x DS**

Rud inarb é atá i gceist **DS** = fad an chláir máistreachta.

Ríomh mhéid uasta na scoláireachta EMJM ar feadh fhad an chomhaontaithe deontais:

Ríomhtar an méid scoláireachta uasta mar a leanas: **EUR 1 400/mí x DR x NRS**

I gcás:

- **DR** = fad uasta an chláir máistreachta i míonna (mar shampla 12, 18, 24 mhí)
- **NRS** = an líon scoláireachtaí atá beartaithe le haghaidh fhad iomlán an chomhaontaithe deontais (uasmhéid 60, seachas scoláireachtaí breisithe le haghaidh réigiúin spriocdhírthe den domhan, más infheidhme)

Ranníocaíocht le riachtanais aonair mac léinn faoi mhíchumas

Tá ranníocaíocht le haghaidh riachtanais aonair incháilithe má chomhlíonann siad na coinníollacha incháilitheachta ginearálta a leagtar síos sa chomhaontú deontais. Úsáidfear iad le haghaidh mic léinn chláraithe (bíodh scoláireacht acu nó ná bíodh) faoi mhíchumais (mar shampla laguithe fadtéarmacha, fisiceacha, meabhracha, intleachta nó céadfacha), amhail iad sin a bhaineann le héadail míreanna nó seirbhísí speisialta (mar shampla cúnamh ó thríú páirtithe, oiriúnú na timpeallachta oibre, costais taistil/iompair bhreise).

An tacaíocht chun na riachtanais aonair sin de chuid mic léinn chláraithe a chumhdach, beidh sí i bhfoirm na gcostas aonaid riachtanas speisialta seo a leanas:

- (a) EUR 3 000
- (b) EUR 4 500
- (c) EUR 6 000
- (d) EUR 9 500
- (e) EUR 13 000
- (f) EUR 18 500
- (g) EUR 27 500
- (h) EUR 35 500
- (i) EUR 47 500
- (j) EUR 60 000

Ríomh na ranníocaíochta costais aonaid in aghaidh an mhic léinn:

Dearbhóidh mic léinn chláraithe cén cineál míreanna/seirbhísí is gá agus an costas atá orthu. Sainithneofar an costas aonaid is infheidhme mar an ráta a chomhfhreagraíonn do na costais mheasta nó do mhéid atá go díreach faoina mbun. Ranníocaíocht atá sa chostas aonaid sin, agus níl sé beartaithe chun na costais iarbhír a chumhdach go hiomlán.

NB: i gcás costais atá faoi bhun an ráta is ísle (is é sin, níos lú ná EUR 3 000), ní bheidh siad incháilithe le haghaidh tacaíocht bhreise agus ní mór iad a chumhdach leis an ranníocaíocht le costais institiúideacha EMJM nó le foinsí cistiúcháin eile na n-institiúidí tairbhí.

Ríomh na ranníocaíochta uasta a leithdháiltear ar EMJM ar feadh fhad an chomhaontaithe deontais:

Ag céim an iarratais, bunaithe ar a meastachán, iarrfaidh iarratasóirí dhá chostas aonaid ar a mhéad a chomhfhreagraíonn do na costais aonaid is airde atá ar fáil, is é sin, uas. 2 x EUR 60 000. Úsáidfear an méid sin chun na costais aonaid a leithdháileadh ar na mic léinn lena mbaineann.

Ag céim an chur chun feidhme, beidh na costais aonaid i bhfoirm ranníocaíochta aonaid míosúla, a ríomhtar mar a leanas:

$$\{\text{an t-aonad riachtanas speisialta} \times (1/\text{an líon míonna})\}$$

Comhfhreagróidh an líon míonna san fhoirmle thuas don líon míonna a úsáideadh nó a táirgeadh na míreanna nó na seirbhísí riachtanas speisialta chun an ghníomhaíocht a chur chun feidhme, de réir chineál na míreanna nó na seirbhísí. Le haghaidh costais aonuaire, comhfhreagróidh an líon míonna do 1.

CISTÍ BREISE LE HAGHAIDH MIC LÉINN Ó RÉIGIÚIN SPRIODHÍRITHE DEN DOMHAN

Féadfaidh na hiarratasóirí iarratas a dhéanamh ar chistí breise le haghaidh mic léinn ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, tíortha ó na réigiúin seo a leanas: **Réigiúin 1, 3, 5, 6, 7, 8, 9, 10 agus 11** arna maoiniú ag ionstraimí gníomhaíochtaí seachtracha an Aontais.

Féadfaidh EMJManna atá beartaithe le haghaidh maoiniú suas le 31 scoláireacht bhreise a fháil (lena n-áirítear na costais institiúideacha chomhfhreagracha) arna maoiniú ag an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – Ionstraim na hEorpa Domhanda (NDICI), agus suas le 4 scoláireacht bhreise (na costais institiúideacha chomhfhreagracha san áireamh) arna maoiniú ag an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (ICR III) ar feadh fhad iomlán an chúrsa Máistreachta. Tairgtear na scoláireachtaí breise sin chun freagairt a thabhairt ar thosaíochtaí seasta gníomhaíochta seachtraí an Aontais maidir le hardoideachas agus cuirtear san áireamh iontu na leibhéil éagsúla den forbairt eacnamaíoch agus shóisialta sna tíortha ábhartha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. Leithdháilfear na scoláireachtaí sin ar na EMJManna atá roghnaithe le haghaidh maoiniú de réir a rangaithe in ord, agus an buiséad atá ar fáil á chur san áireamh.

Foilseofar tuilleadh faisnéise maidir leis na méideanna atá ar fáil faoi gach clúdach buiséadach ar an Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana (TDCT). Ní mór na cistí a úsáid ar bhealach atá cothrom ó thaobh geografaíochta de agus moltar d'institiúidí mic léinn a earcú sna tíortha is boichte agus is lú forbairt nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár.

Is iad seo a leanas na spriocanna geografacha agus an sciar táscach den bhuiséad a leagtar síos don ghníomhaíocht sin:

- Réigiún 1 (na Balcáin Thiar) : Díreofar go háirithe ar scoláireachtaí i réimsí an athraithe aeráide, an chomhshaoil agus an fhuinnimh, na dteicneolaíochtaí digiteacha, na hinnealtóireachta, an fháis inbhuanaithe agus post
- Réigiún 3 (an Chomharsanacht Theas): 8 % den bhuiséad atá le fáil ó NDICI.
- Réigiún 5 (an Áise): 23 % den bhuiséad atá le fáil ó NDICI. Tabharfar tosaíocht do na tíortha is lú forbairt.
- Réigiún 6 (an Áise Láir): 9 % den bhuiséad atá le fáil ó NDICI. Tabharfar tosaíocht do na tíortha is lú forbairt.
- Réigiún 7 (an Meánoirthear): 3 % den bhuiséad atá le fáil ó NDICI. Tabharfar tosaíocht do na tíortha is lú forbairt.
- Réigiún 8 (an tAigéan Ciúin): 1 % den bhuiséad atá le fáil ó NDICI. Tabharfar tosaíocht do na tíortha is lú forbairt.
- Réigiún 9 (an Afraic Fho-Shahárach): 31 % den bhuiséad atá le fáil ó NDICI. Tabharfar tosaíocht do na tíortha is lú forbairt. Cuirfear béim speisialta ar thíortha tosaíochta imirce chomh maith. Ní fhéadfaidh aon tír rochtain a fháil ar níos mó ná 8 % den mhaoiniú atá beartaithe don Réigiún.
- Réigiún 10 (Meiriceá Laidineach): 24 % den bhuiséad atá le fáil ó NDICI. 30 % don Bhrasaíl agus do Mheicsiceo, le chéile, ar a mhéad.
- Réigiún 11 (Muir Chairib): 1 % den bhuiséad atá le fáil ó NDICI.

Tá feidhm ag na spriocbhuiséid agus tosaíochtaí réigiúnacha go táscach ar an leibhéal tionscadail agus déanfar monatóireacht orthu ar chéim an chur chun feidhme.

Ríomh an deontais chríochnaithigh

Ríomhfar an deontas críochnaitheach ag céim an tuairiscithe chríochnaithigh ar bhonn an lín scoláireachtaí a bronnadh, an lín mac léinn cláraithe agus an lín iarbhir costas aonaid a leithdháileadh ar riachtanais aonair, ar choinníoll nach mó

an méid iomlán ná an t-uasmhéid deontais a dhámhfar. Beidh an tsolúbthacht ag tionscadail cistí a aistriú idir na scoláireachtaí (seachas scoláireachtaí breisithe le haghaidh réigiúin spriocdhírthe ar domhan, más infheidhme) agus riachtanais aonair de réir na bhfíor-riachtanas agus i gcomhréir leis an gcomhaontú deontais. Ní cheadaítear aistrithe idir ceannteidil bhuiséid agus idir ionstraimí cistiúcháin.

Tugtar tuairisc ar níos mó mionsonraí i samhail an chomhaontaithe deontais atá le fáil ar an Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana (TDCT).

Beart 2: Bearta Deartha Erasmus Mundus

Le Bearta Deartha Erasmus Mundus ba cheart feabhas a chur ar inniúlachtaí ollscoileanna a gcuraclaim agus a gcleachtais teagaisc a nuachóiriú agus a idirnáisiúnú, acmhainní a chomhthiomsú, agus le go bhforbródh córais ardoideachais sársaí coiteanna i ndáil le dearbhú cáilíochta, creidiúnú agus aithint céimeanna agus creidiúintí. Tá sé beartaithe freisin leis an tacaíocht iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna a thairgtear leis an gCur Chuige Eorpach um dhearbhu cáilíochta clár comhpháirteach, agus leas a bhaint astu. Bunaithe ar an leibhéal ard comhpháirtíochta/lánpháirtithe i measc na n-institiúidí rannpháirteacha, ba cheart do na cláir thrasnáisiúnta lánpháirtithe sin rannchuidiú le lánpháirtiú agus idirnáisiúnú Limistéar Eorpach an Ardoideachais (EHEA).

AN CUSPÓIR A BHAINNEANN LE BEARTA DEARTHA ERASMUS MUNDUS

Is é is príomhchuspóir do Bhearta Deartha Erasmus Mundus forbairt **clár staidéir nua, nuálach, ardleibhéal, comhtháite, trasnáisiúnta** a spreagadh ar an leibhéal máistreachta. Ba cheart do na bearta deartha seo **páirt a thabhairt do thíortha tearcionadaithe Erasmus Mundus**: (a) Ballstáit den Aontas agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár, agus/nó (b) institiúidí ó na tíortha sin, agus/nó (c) réimsí téamacha (**féach Catalóg Erasmus Mundus**)²³⁵.

CÉ NA CRITÉIR ATÁ LE COMHLÍONADH CHUN IARRATAS A DHÉANAMH AR BHEARTA DEARTHA ERASMUS MUNDUS?

Ní mór do thograí tionscadail le haghaidh Bhearta Deartha Erasmus Mundus na critéir seo a leanas a chomhlíonadh le bheith incháilithe le haghaidh deontais:

²³⁵ https://eacea.ec.europa.eu/erasmus-plus/emjmd-catalogue_en

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Ní mór do na hiarratasóirí a bheith ina n-eintitis dhlítheanacha: - institiúidí ardoideachais; - bunaithe i mBallstát den Aontas, i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtír incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. Eisceacht: níl eagraíochtaí ón mBealarúis (Réigiún 2) ná ó Chónaidhm na Rúise (Réigiún 4) incháilithe chun páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht sin. Ní mór Cairt Ardoideachais Erasmus (ECHE) bhailí a bheith ag institiúidí ardoideachais atá bunaithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Ní gá ECHE a bheith ag institiúidí ardoideachais rannpháirteacha ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, ach ceanglófar orthu gealltanais a thabhairt dá prionsabail.
Ionad na ngníomhaíochtaí	Is féidir gníomhaíochtaí a reáchtáil in aon tír incháilithe.
Fad an tionscadail	Ba cheart do thionscadail maireachtáil ar feadh 15 mhí de ghnáth (is féidir síneadh a chur leo, má tá údar cuí leis agus trí bhíthin leasaithe).
Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh?	Faoi bhráid na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr. Uimhir aitheantais an Ghlaio: ERASMUS-EDU-2023-EMJM-DESIGN
Cathain is féidir iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí a n-iarratas ar dheontas a chur isteach faoin 16 Feabhra ar 17:00:00 (am na Bruiséile).

Déanfar measúnú ar eagraíochtaí is iarratasóirí de réir na gcritéar eisiaimh agus roghnúcháin ábhartha. Chun breis faisnéise a fháil féach Cuid C den Treoir seo.

TIONSCADAL A BHUNÚ

Le EMDM, tacaítear le dearadh clár staidéir ardleibhéil ar leibhéal máistreachta²³⁶ a sholáthraíonn cuibhreannas idirnáisiúnta institiúidí ardoideachais ó thíortha éagsúla ar fud an domhain go comhpháirteach agus, i gcás inarb ábhartha, comhpháirtithe oideachais agus/nó neamhoideachais eile ag a bhfuil saineolas sonrach agus spéis sna réimsí staidéir/réimsí gairmiúla lena mbaineann.

Is tionscadail aontairbhe iad EMDM. Tionscnóidh an tairbhí gníomhaíochtaí teagmhálaithe agus comhair d'fhonn clár máistreachta a chur ar bun i gcomhréir leis an sainmhíniú ar 'clár máistreachta comhtháite' (féach roinn EMJM 'Tionscadal a chur ar bun'). Ar chéim an iarratais, ba cheart don tairbhí na heagraíochtaí rannpháirteacha a shainathint.

²³⁶ LEIBHÉAL 7 DEN AICMIÚ IDIRNÁISIÚNTA CAIGHDEÁNACH AR AN OIDEACHAS ISCED 2011.

Ní bheidh siad sin páirteach i bpróiseas síniúcháin an chomhaontaithe deontais, áfach. Tabharfar tuairisc ar na gníomhaíochtaí beartaithe faoi Chuid B den fhoirm iarratais agus i bpacáiste oibre amháin.

Faoi dheireadh na tréimhse maoinithe, leis an Máistreacht atá deartha go comhpháirteach ba cheart:

- Curaclam atá go hiomlán comhtháite a thairiscint atá soláthartha ag cuibhreannas d'institiúidí ardoideachais (comhdhéanta ar a laghad de thrí institiúid ardoideachais ó thrí thír éagsúla, nach mór ar a laghad dhá cheann díobh a bheith ina mBallstáit den Aontas agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár);
- É a bheith d'aidhm leis mic léinn shármhaithe a earcú ó gach cearn den domhan;
- Soghluaisteacht fhisiceach éigeantach a áireamh inti le haghaidh na mac léinn earcaithe uile;
- Céim chomhpháirteach a bheith de thoradh uirthi (is é sin, aon dioplóma amháin atá bronnta ag dhá institiúid ardoideachais ar a laghad ó thíortha éagsúla, agus ní mór do cheann díobh ar a laghad a bheith ina Ballstát den Aontas nó ina tír nach bhfuil san Aontas ach atá comhlachaithe leis an gClár), nó ilchéimeanna (is é sin, dhá dhioplóma ar a laghad atá bronnta ag dhá institiúid ardoideachais ó thíortha éagsúla, agus ní mór do cheann díobh sin ar a laghad a bheith ina Ballstát den Aontas nó ina tír nach bhfuil san Aontas ach atá comhlachaithe leis an gClár), nó meascán díobh sin.

Chomh maith leis sin, tá coinne leis go mbeidh na sásraí comhpháirteacha seo a leanas deartha ag an tionscadal:

- Ceanglais chomhpháirteacha maidir le hiontráil mac léinn agus rialacha/nósanna imeachta iarratais, roghnúcháin, monatóireachta, scrúdaithe/measúnaithe feidhmíochta;
- Dearadh comhpháirteach cláir agus gníomhaíochtaí teagaisc/oiliúna comhtháite;
- Seirbhísí coiteanna a thairgtear do mhic léinn (mar shampla cúrsaí teanga, tacaíocht víosa);
- Straitéis chomhpháirteach um chur chun cinn agus múscailt feasachta;
- Bainistíocht chomhpháirteach riaracháin agus airgeadais ag an gcuibhreannas;
- Beartas maidir le céimeanna comhpháirteacha;
- Dréacht-chomhaontú comhpháirtíochta comhpháirteach lena mbaineann ar a laghad trí institiúid ardoideachais ó thrí thír éagsúla, agus ní mór do dhá cheann díobh ar a laghad a bheith ina mBallstáit den Aontas nó ina dtíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Tá sé i gceist leis an gcomhaontú seo gach gné acadúil, oibríochtúil, riaracháin agus airgeadais a bhaineann le cur chun feidhme an chlár máistreachta a chumhdach.
- Dréacht-chomhaontú mic léinn comhpháirteach.

Tá coinne leis go gcloífidh an clár máistreachta atá á fhorbairt leis na [Caighdeáin um dhearbhu cáilíochta clár comhpháirteach i Limistéar Eorpach an Ardoideachais \(EHEA\)](#)²³⁷.

Moltar ar a laghad aon phróiseas creidiúnúcháin/meastóireachta a sheoladh roimh dheireadh an tionscadail, agus na deiseanna atá tairgthe ag an gCur Chuige Eorpach um dhearbhu cáilíochta clár comhpháirteach a iniúchadh ar a laghad (má cheadaítear sin faoin reachtaíocht náisiúnta).

TIONCHAR MEASTA

- Deiseanna forbartha comhpháirtíochtaí nua a sholáthar d'institiúidí ardoideachais Eorpacha agus neamhEorpacha;
- Feabhas a chur ar an gcáilíocht agus nuálaíocht a chothú i gcláir ar an leibhéal máistreachta agus ar shocruithe maoirseachta;
- Cur le hidirnáisiúnú agus le hiomaíochas eagraíochtaí rannpháirteacha;
- Cur le tarraingteacht na heagraíochta rannpháirtí nó na n-eagraíochtaí rannpháirteacha do mhic léinn éirimiúla;

²³⁷ [HTTPS://WWW.EQAR.EU/KB/JOINT-PROGRAMMES/AGREED-STANDARDS/](https://www.eqar.eu/kb/joint-programmes/agreed-standards/)

- Rannchuidiú le beartais ollscoileanna i ndáil le hidirnáisiúnú trí fheasacht idirnáisiúnta a fhorbairt trína gcuraclaim agus straitéisí cuimsitheacha maidir leis an idirnáisiúnú a dhearadh (comhar institiúideach agus soghluaisteacht trasteorann daoine).

CRITÉIR DHÁMHACHTANA

Ábharthacht (scór uasta 40 pointe)	Cúlra agus cuspóirí ginearálta - Aidhmeanna foriomlána agus cuspóirí ginearálta an tionscadail agus a n-ábharthacht i ndáil le Bearta Deartha Erasmus Mundus. Anailís riachtanas agus cuspóirí sonracha - Réasúnaíocht maidir le dearadh cláir Máistreachta an-chomhtháite. - Rannchuidiú le forbairt comhpháirtíochtaí nua agus an acmhainneacht ról a thabhairt do thíortha tearcionadaithe Erasmus Mundus: (a) Ballstáit den Aontas agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár, agus/nó (b) institiúidí ó na tíortha sin, agus/nó (c) réimsí téamacha. Comhlántacht i gcomparáid le gníomhaíochtaí eile agus leis an nuálaíocht - Uaillmhian an tionscadail i gcomparáid lena bhfuil á thairiscint le clár máistreachta atá ann cheana agus rannchuidiú le tarraingteacht EHEA.
Cáilíocht dhearadh agus chur chun feidhme an tionscadail (scór uasta 20 pointe)	Coincheap agus modheolaíocht - Leordhóthanacht agus indéantacht na ngníomhaíochtaí atá beartaithe chun na cuspóirí agus na torthaí a bhfuil coinne leo a bhaint amach. Bainistíocht tionscadail, dearbhú cáilíochta agus straitéis monatóireachta agus meastóireachta - Bearta atá beartaithe chun a chinntiú go bhfuil ardcháilíocht ag baint le cur chun feidhme an tionscadail agus go ndéantar sin in am trátha. - Céimeanna atá beartaithe chun próiseas creidiúnúcháin/meastóireachta a sheoladh don chúrsa máistreachta atá beartaithe, más féidir agus tairbhe á baint as na deiseanna atá á dtairiscint leis an gCur Chuige Eorpach um dhearbhu cáilíochta clár comhpháirteach. Foinne, baill foirne agus saineolaithe tionscadail - Acmhainní oibríochtúla measta (eagraíochtaí rannpháirteacha san áireamh) i ndáil leis na gníomhaíochtaí agus na torthaí beartaithe. - Sainmhíniú ar ról agus dáileadh cúraimí i bhfoireann an tionscadail.
Cáilíocht na comhpháirtíochta agus na socrúithe comhair (scór uasta 20 pointe)	Socrú cuibhreannais - Ról measta na n-eagraíochtaí rannpháirteacha. A rannchuidiú le cur chun feidhme an tionscadail agus dearadh an chlár máistreachta. - Réasúnaíocht a rannpháirtíochta, a mbreisluacha agus a gcomhlántachta.

Tionchar (scór uasta 20 pointe)	Tionchar agus uailmhian - Tionchar measta agus uailmhian an chlár nua EMDM. Cumarsáid, scaipeadh agus infheictheacht - Gníomhaíochtaí atá beartaithe le haghaidh chur chun cinn agus scaipeadh an chlár máistreachta nua agus thorthaí an tionscadail. Inbhuanaitheacht agus leanúnachas - Céimeanna atá beartaithe chun an clár nua Máistreachta a sheoladh/ a chur chun feidhme (tacaíocht institiúideach san áireamh) agus bearta atá beartaithe chun a inbhuanaitheacht a chinntiú (sainithint foinsí féideartha maoinithe san áireamh).
---	--

Ní mór do thograí **60 pointe** ar a laghad a bhaint amach chun go gcuirfear san áireamh le haghaidh cistiúcháin iad. I gcásanna ex aequo, tabharfar tosaíocht do na scóir is airde le haghaidh 'Ábharthacht an tionscadail' agus ansin 'tionchar'.

CAD IAD NA RIALACHA CISTIÚCHÁIN ATÁ ANN?

Tá an tacaíocht i bhfoirm ranníocaíocht cnapshuime airgeadais leis na costais atá nasctha go díreach leis na gníomhaíochtaí is gá chun an clár máistreachta nua a bhunú, amhail cruinnithe agus comhdhálacha, staidéir/suirbhéanna, próiseas creidiúnúcháin/meastóireachta, srl. Féadfar an ranníocaíocht a úsáid freisin chun costais foirne, taistil agus lóistín, costais riaracháin agus gníomhaíochtaí ar fochonradh a chumhdach, a mhéid atá ábhartha maidir le cur chun feidhme Bhearta Deartha Erasmus Mundus.

EUR 55,000 in aghaidh an tionscadail a bheidh sa chnapshuim

Socrófar paraiméadair an deontais sa chomhaontú deontais.

Le haghaidh íocaíocht chríochnaitheach an deontais, beidh ar thairbhíthe fianaise a sholáthar gur cuireadh na gníomhaíochtaí atá beartaithe ina n- iarratas i gcrích go hiomlán agus ar bhealach sásúil.

Tugtar tuairisc ar níos mó mionsonraí i samhail an chomhaontaithe deontais atá le fáil ar an Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana (TDCT).

COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ UM NUÁLAÍOCHT

Tacaíonn comhpháirtíochtaí um nuálaíocht le tionscadail arb é is aidhm dóibh tionchar sistéamach a bhaint amach ar leibhéal Eorpach tríd an inniúlacht a bheith acu feidhm a bhaint as torthaí an tionscadail ar scála Eorpach agus/nó a bheith ábalta iad a aistriú go comhthéacsanna éagsúla téamacha nó geografacha. Díritear iontu ar réimsí téamacha atá straitéiseach d'fhás na hEorpa agus don iomaíochas agus don chomhtháthú sóisialta. Cuimsítear na gníomhaíochtaí seo a leanas faoin gcineál comhpháirtíochtaí seo:

- Comhaontais ar son na nuálaíochta
- Tionscadail Réamhbhreathnaitheacha

Bainistítear na gníomhaíochtaí tríd an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA)

COMHAONTAIS AR SON NA NUÁLAÍOCHTA

Is é is aidhm do **Chomhaontais ar son na Nuálaíochta** inniúlacht nuálaíochta na hEorpa a neartú trí bhorradh a chur faoin nuálaíocht tríd an **gcomhar agus tríd an sreabhadh eolais** i measc an ardoideachais, an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna (tosaigh agus leanúnaí ar aon), agus na timpeallachta socheacnamaíche níos forleithne, lena n-áirítear taighde.

Is é is aidhm dóibh freisin borradh a chur faoi sholáthar scileanna nua agus aghaidh a thabhairt ar mhímheaitseálacha scileanna trí churaclaim nua a dhearadh agus a chruthú **le haghaidh an ardoideachais agus an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna**, tacú le forbairt **acmhainne tionscnaíochta** agus **meonta fiontraíochta** san Aontas.

CUSPÓIRÍ NA GNÍOMHAÍOCHTA

Leis na comhpháirtíochtaí seo, cuirfear chun feidhme tacar comhleanúnach cuimsitheach gníomhaíochtaí **earnála nó trasearnála**, agus ba cheart do na gníomhaíochtaí sin a bheith inoiriúnaithe d'fhorbairtí eolais amach anseo ar fud an Aontais Eorpaigh.

Chun borradh a chur faoin nuálaíocht, díreofar ar fhorbairt **tallainne agus scileanna**. Ar an gcéad dul síos, tá tábhacht inniúlachtaí digiteacha ag méadú i ngach próifíl phoist ar fud mhargadh an tsaothair ina iomláine. Ar an dara dul síos, ní mór tacú leis an aistriú chuig geilleagar níos ciorclaí agus níos glaise le hathruithe ar cháilíochtaí agus ar churaclaim náisiúnta oideachais agus oiliúna chun freastal ar riachtanais ghairmiúla atá ag teacht chun cinn le haghaidh **scileanna glasa** agus forbairt inbhuanaithe. Ar an tríú dul síos, éilítear leis an gclaochlú digiteach agus leis an gclaochlú glas glacadh méadaithe teicneolaíochtaí nua, i réimse na teicneolaíochta doimhne atá fíor-nuálach go háirithe, ar fud earnálacha uile ár ngeilleagair agus sochaí.

Is féidir cuspóirí na gComhaontas ar son na Nuálaíochta a bhaint amach ach iarratas a dhéanamh ar cheann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas (is féidir le heagraíocht a bheith rannpháirteach i roinnt tograí éagsúla):

Beart 1: Comhaontais ar son an Oideachais agus na bhFiontar

Tionscadail thrasnáisiúnta struchtúrtha atá dírithe ar thorthaí is ea iad Comhaontais ar son an Oideachais agus na bhFiontar, ina mbíonn spriocanna coiteanna ag comhpháirtithe agus ina n-oibríonn siad le chéile chun an nuálaíocht, scileanna nua, ciall tionscnaíochta agus meonta fiontraíochta a chothú.

Is é is aidhm dóibh an nuálaíocht a chothú san ardoideachas, sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, i bhfiontair agus sa timpeallacht shocheacnamaíoch níos forleithne. Áirítear leis sin aghaidh a thabhairt ar dhúshlán shocheacnamaíoch mar an t-athrú aeráide, athruithe ar an déimeagrafaic, digitiú, teacht chun cinn teicneolaíochtaí bunathraitheacha nua ar nós na hintleachta saorga agus athruithe tapa ar chúrsaí fostaíochta mar thoradh ar an nuálaíocht shóisialta agus ar athléimneacht an phobail, mar aon le nuálaíocht i margadh an tsaothair.

Tugtar le chéile le Comhaontais ar son an Oideachais agus na bhFiontar fiontair agus soláthraithe ardoideachais agus soláthraithe gairmoiliúna araon chun oibriú le chéile i gcomhpháirtíocht. Feidhmíonn siad laistigh d'earnáil eacnamaíoch amháin nó i roinnt earnálacha eacnamaíoch éagsúla, agus cruthaíonn siad caidreamh iontaofa inbhuanaithe agus léiríonn siad a gcineál nuálach trasnáisiúnta i ngach gné. Cé nach mór do gach comhpháirtíocht aon eagraíocht gairmoideachais agus gairmoiliúna agus aon eagraíocht ardoideachais ar a laghad, féadfaidh siad dul i ngleic le ceachtar de na réimsí oideachais sin nó an dá réimse. Ba cheart don chomhar idir gairmoideachais agus gairmoiliúna agus eagraíochtaí ardoideachais a bheith ábhartha agus ba cheart don dá earnáil tairbhe a bhaint as.

Beartaítear leo ceann amháin nó níos mó de na haidhmeanna seo a leanas a bhaint amach:

- **Cineálacha cur chuige nua, nuálacha agus ildisciplíneacha i leith an teagaisc agus na foghlama** a chothú: an

nuálaíocht a chothú i ndearadh agus soláthar an oideachais, modhanna teagaisc, teicnící measúnaithe, timpeallachtaí foghlama agus/nó forbairt scileanna nua;

- **Tacaíocht d'fhorbairt scileanna i réimse na teicneolaíochta doimhne;** tacaíocht a thabhairt d'inniúlacht nuálaíochta na hEorpa tríd an linn tallann maidir leis na teicneolaíochtaí bunathraitheacha nua seo a leathnú;
- **Bunú gorlann** laistigh d'institiúidí oideachais agus oiliúna ar fud na hEorpa a chothú;
- **Freagracht shóisialta chorparáideach** a chothú (mar shampla cothromas, cuimsiú, an t-athrú aeráide, cosaint an chomhshaoil agus forbairt inbhuanaithe);
- **Ciall tionscnaíochta** agus **dearcthaí, meonta agus scileanna fiontraíochta** a chothú i bhfoghlaimoírí, ball foirne oideachais agus oibrithe eile, i gcomhréir leis an gCreat Inniúlachta Fiontraíochta (EntreComp)²³⁸;
- Feabhas a chur ar **cháilíocht agus ábharthacht scileanna** a fhorbraítear agus a dheimhnítear trí chórais oideachais agus oiliúna (lena n-áirítear scileanna nua agus dul i ngleic le mímhéaitseálacha scileanna);
- **Sreabhadh agus comhchruthú eolais** a éascú idir ardoideachas agus gairmoideachas agus gairmoiliúint, taighde, an earnáil phoiblí, agus an earnáil ghnó;
- **Córais ardoideachais agus gairmoideachais agus ghairmoiliúna** atá éifeachtach agus éifeachtúil a thógáil agus tacú leo, ar córais iad atá nasctha agus cuimsitheach agus a rannchuidíonn leis an nuálaíocht.

Beart 2: Comhaontais um chomhar earnála maidir le scileanna (lena gcuirtear chun feidhme an 'Treoirphlean'²³⁹)

Is é is aidhm do Chomhaontais ar son Comhar Earnála maidir le Scileanna cineálacha cur chuige straitéiseacha nua agus comhar a chruthú le haghaidh réitigh forbartha scileanna nithiúla – sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma araon – i réimsí ina gcuirtear chun feidhme príomhghníomhaíocht de chuid an Chláir Oibre Scileanna don Eoraip le haghaidh iomaíochas inbhuanaithe, cothroime shóisialta agus athléimneacht, an **Comhshocrú um Scileanna**. Is é is príomhchuspóir don Chomhaontú na geallsealbhoirí ábhartha uile a shlógadh agus a spreagadh chun gníomhaíochtaí nithiúla a dhéanamh chun an lucht saothair a uas-sciliú agus a athsciliú, trí iarrachtaí a chomhthiomsú agus comhpháirtíochtaí a chur ar bun, agus aghaidh a thabhairt ar leibhéal an Aontais freisin ar riachtanais an mhargaidh saothair, ag tacú le haistrithe glasa agus digiteacha chomh maith le scileanna náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla agus straitéisí fáis. Dá bhrí sin, le táirgí insoláthartha Comhaontas ar son Comhar Earnála maidir le Scileanna, is é sin, faisnéis scileanna earnála, straitéisí scileanna, próifílí gairme, cláir oiliúna, agus pleanáil fhadtéarmach, rannchuideofar go mór le hobair na gcomhpháirtíochtaí móra atá bunaithe ar éiceachórais a chuaigh i bpáirt leis an gComhshocrú um Scileanna.

Le Comhaontais ar son Comhar Earnála maidir le Scileanna féachtar le dul i ngleic le bearnaí scileanna ar an margadh saothair lena gcuirtear bac ar fhás, nuálaíocht agus iomaíochas in earnálacha nó réimsí sonracha, dírithe ar idirghabhálacha gearrthéarma agus straitéisí fadtéarmacha araon. Cuirfear na Comhaontais sin chun feidhme sna 14 éiceachóras áitiúla thionsclaíocha a shaináithnítear sa Straitéis Nua Tionsclaíochta don Eoraip²⁴⁰ (féach critéir incháilitheachta).

Le comhpháirtíochtaí an Chomhshocráithe um Scileanna in éiceachórais, tógfar ar an Treoirphlean um chomhar earnála maidir le scileanna. Dá bhrí sin, le Comhaontais faoi Bheart 2 tacófar le cur chun feidhme na ngealltanais faoin

²³⁸ <https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/bitstream/JRC101581/Ifna27939enn.pdf>

²³⁹ An Clár Oibre Eorpach do Scileanna Nua don iomaíochas inbhuanaithe, don cothroime shóisialta agus don athléimneacht: <https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1223&langId=ga>

²⁴⁰ COM/2020/102 final: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A52020DC0102>

gComhaontú trí straitéisí scileanna earnála a fhorbairt. Tá mar thoradh ar na straitéisí sin tionchar sistéamach struchtúrach ar easnaimh, bearnaí agus mímhaitseálacha scileanna a laghdú, mar aon le cáilíocht agus leibhéal iomchuí scileanna a áirithiú. Ní mór a chuimsiú leis na straitéisí scileanna earnála sraith shoiléir gníomhaíochtaí, garspriocanna agus cuspóirí dea-shainithe agus é mar chuspóir leo an t-éileamh agus an soláthar scileanna a mhéaitseáil chun tacú le cur chun feidhme na gcomhpháirtíochtaí scileanna móra atá bunaithe ar éiceachórais faoin gComhaontú. Is é is aidhm do na Comhaontais na boinn le haghaidh na gcomhpháirtíochtaí scileanna sin a thógáil agus an chonair ba cheart a leanúint tar éis na tionscadail a chur i gcrích a shainiú.

Ag tarraingt ar fhianaise maidir le riachtanais scileanna ó thaobh próifílí gairme, tacaíonn Comhaontais Treoirphlean le dearadh agus soláthar inneachair oideachais agus oiliúna trasnásiúnta, chomh maith le modheolaíochtaí teagaisc agus oiliúna, le haghaidh glacadh gasta ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil agus le haghaidh gairmeacha nua atá ag teacht chun cinn.

Ba cheart a áireamh i dtograí dearadh clár gairmoiliúna leanúnaí chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna práinneacha daoine in aois oibre. Ba cheart a áireamh i dtograí freisin forbairtí próifílí gairme atá ag teacht chun cinn, cáilíochtaí gaolmhara, ar cheart dóibh leibhéal ghairmoideachais agus ghairmoiliúna uachtaraí agus iar-mhéanscoile (leibhéal 3 go 5 de EQF) agus tríú leibhéal (leibhéal 6 go 8 de EQF) a chumhdach. Thairis sin, ba cheart a áireamh i dtograí dearadh croíchuraclam agus clár oideachais agus oiliúna gaolmhar as a dtagann na cáilíochtaí sin.

Ní mór a áireamh i ngach clár i measc a gcomhpháirtithe an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint araon agus eagraíochtaí ardoideachais agus gníomhaithe ón margadh saothair. Go hidéalach, baineann comhlachtaí beartais, comhlachtaí deimhniúcháin chomh maith le comhlachais earnála Eorpacha agus ionadaithe tionscail leo sin.

CÉ NA CRITÉIR ATÁ LE COMHLÍONADH CHUN IARRATAS A DHÉANAMH AR CHOMHPHÁIRTÍOCHTAÍ UM NUÁLAÍOCHT?

CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Ní mór do thograí tionscadail maidir le **Beart 1 – Comhaontais ar son an Oideachais agus na bhFiontar** na critéir seo a leanas a chomhlíonadh le bheith incháilithe le haghaidh deontas Erasmus+:

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí (comhordaitheoir agus comhpháirtithe iomlána) a bheith ina: - eagraíochtaí poiblí nó príobháideacha; - Institiúidí ardoideachais, soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna, Líonraí soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna, Fiontair bheaga agus mheánmhéide nó mhóra (fiontair shóisialta ina measc), Institiúidí taighde, Eagraíochtaí neamhrialtasacha, Comhlachtaí poiblí ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta, Eagraíochtaí atá gníomhach san oideachas, san oiliúint agus san óige, Idirghabhálaithe a dhéanann ionadaíocht d'eagraíochtaí nó d'fhiontair oideachais, oiliúna nó óige, Comhlachtaí creidiúnúcháin, deimhniúcháin, aitheantais nó cáilíochtaí, Comhlachais tráchtála, tionsclaíochta nó saothair, comhlachais ceirde oilte, Comhpháirtithe sóisialta náisiúnta nó Eorpacha, Ospidéal nó institiúidí cúraim eile, an cúram fadtéarmach san áireamh, Údaráis atá freagrach as oideachas, oiliúint nó fostaíocht ar an leibhéal réigiúnach nó náisiúnta, Seirbhísí fostaíochta, Oifigí staidrimh náisiúnta, Gníomhaireachtaí forbartha geilleagair, Comhlachais earnála nó ghairmiúla, Comhairlí scileanna earnála, Comhlachtaí a sholáthraíonn gairmthreoir, comhairleoireacht ghairmiúil, seirbhísí faisnéise agus seirbhísí fostaíochta; - iarratasóirí atá bunaithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár Is féidir le heagraíochtaí ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a bheith rannpháirteach mar chomhpháirtithe iomlána ach ní féidir leo a bheith ina gcomhordaitheoirí. Eisceacht: níl eagraíochtaí ón mBealarúis (Réigiún 2) ná ó Chónaidhm na Rúise (Réigiún 4) incháilithe chun páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht sin. Ní mór Cairt Ardoideachais Erasmus (ECHE) bhailí a bheith ag institiúidí ardoideachais atá bunaithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Ní gá ECHE a bheith ag institiúidí ardoideachais rannpháirteacha i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár.
Comhdhéanamh cuibhreannais	Ní mór do Chomhaontais ar son an Oideachais agus na bhFiontar ceithre cinn ar a laghad de Bhallstáit den Aontas nó tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár a chuimsiú, agus páirt a thabhairt d'ocht n-iarratasóir ar a laghad (comhordaitheoir agus comhpháirtithe iomlána). Ní mór a áireamh sa chuibhreannas ar a laghad trí ghníomhaí sa mhargadh saothair (fiontair nó cuideachtaí, nó eagraíochtaí idirghabhála ionadaíocha, amhail comhlachais, ceardchumainn nó cumainn trádála) agus ar a laghad trí sholáthraí oideachais agus oiliúna (gairmoideachas agus gairmoiliúint agus institiúidí ardoideachais), mar chomhpháirtithe iomlána (comhordaitheoir agus comhpháirtithe iomlána). Ba cheart institiúid ardoideachais amháin agus soláthraí gairmoideachais agus gairmoiliúna amháin ar a laghad a bheith rannpháirteach mar iarratasóirí (comhordaitheoir agus comhpháirtithe iomlána) i ngach togra. Ní chuirtear eintitis chleamhnaithe san áireamh sna critéir íosta incháilitheachta le haghaidh comhdhéanamh an chuibhreannais.

Fad an tionscadail	Ba cheart do thionscadail maireachtáil idir 24 agus 36 mhí de ghnáth. (Is féidir síntí a chur leis an tionscadal, má tá údar cuí leo agus trí leasú air). Ní mór an fad a roghnú ag céim an iarratais, bunaithe ar chuspóir an tionscadail agus ar an gcineál gníomhaíochtaí atá beartaithe le himeacht aimsire.
Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh?	Faoi bhráid na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr (EACEA). Uimhir aitheantais an Ghlaio beart1: ERASMUS-EDU-2023-PI-ALL-INNO-EDU-ENTERP
Cathain is féidir iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí a n-iarratas ar dheontas a chur isteach faoin 3 Bealtaine ar 17:00:00 (am na Bruiséile).

Ní mór do thograí tionscadail maidir le **Beart 2 – Comhaontais ar son Comhar Earnála maidir le Scileanna (lena gcuirtear chun feidhme an ‘Treoirphlean’)** na critéir seo a leanas a chomhlíonadh le bheith incháilithe le haghaidh deontas Erasmus+:

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Ar choinníoll gur comhpháirtithe iad i gcomhpháirtíochtaí scileanna ar scála mór faoin gComhshocrú um Scileanna²⁴¹, féadfaidh na heagraíochtaí seo a leanas a bheith rannpháirteach mar iarratasóirí (comhordaitheoir agus comhpháirtithe iomlána), nó mar chomhpháirtithe comhlachaithe faoi Bheart 2 – Comhaontais ar son Comhar Earnála maidir le Scileanna (Treoirphlean). Féadfaidh siad a bheith ina n-eagraíochtaí poiblí nó príobháideacha atá bunaithe go dlítheanach i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár: • Institiúidí ardoideachais • Soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna • Líonraí soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna • Fiontair bheaga agus mheánmhéide nó mhóra (fiontair shóisialta ina measc) • Institiúidí taighde • Eagraíochtaí neamhrialtasacha • Comhlachtaí poiblí ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta • Eagraíochtaí atá gníomhach san oideachas, san oiliúint agus san óige • Idirghabhálaithe a dhéanann ionadaíocht d’eagraíochtaí nó d’fhiontair oideachais, oiliúna nó óige • Comhlachtaí creidiúnúcháin, deimhniúcháin, aitheantais nó cáilíochtaí • Comhlachais tráchtála, tionsclaíochta nó saothair, comhlachais ceirde oilte • Comhpháirtithe sóisialta Eorpacha nó náisiúnta • Ospidéal nó institiúidí cúraim eile, lena n-áirítear an cúram fadtéarmach • Údaráis atá freagrach as oideachas, oiliúint nó fostaíocht ar an leibhéal réigiúnach nó náisiúnta • Seirbhísí fostaíochta • Oifigí staidrimh náisiúnta • Gníomhaireachtaí forbartha geilleagair • Comhlachais earnála nó ghairmiúla • Comhairle scileanna earnála • Comhlachtaí a sholáthraíonn gairmthreoir, comhairleoireacht ghairmiúil, seirbhísí faisnéise agus seirbhísí fostaíochta Ina theannta sin, ní mór don chomhordaitheoir a bheith ag comhordú comhpháirtíochtaí scileanna móra atá bunaithe ar éiceachórais faoin gComhshocrú um Scileanna. Ní mór Cairt Ardoideachais Erasmus (ECHE) bhailí a bheith ag institiúidí ardoideachais atá bunaithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár.
--	--

²⁴¹ <https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catid=1534&langid=en>

Comhdhéanamh cuibhreannais	Ní mór do Chomhaontais ar son Comhar Earnála maidir le Scileanna (Treoirphlean) 8 gcinn de Bhallstát den Aontas nó tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár ar a laghad a chuimsiú agus páirt a thabhairt do 12 iarratasóir ar a laghad (comhordaitheoir agus comhpháirtithe iomlána) Ní mór a áireamh sa chuibhreannas ar a laghad 5 ghníomhaí sa mhargadh saothair (fiontair nó cuideachtaí, nó eagraíochtaí idirghabhála ionadaíocha, amhail comhlachais, ceardchumannn nó cumainn trádála) agus ar a laghad 5 sholáthraí oideachais agus oiliúna (gairmoideachas agus gairmoiliúint agus/nó institiúidí ardoideachais), mar iarratasóirí (comhordaitheoir agus comhpháirtithe iomlána). Ba cheart institiúid ardoideachais amháin agus soláthraí gairmoideachais agus gairmoiliúna amháin ar a laghad a bheith rannpháirteach mar iarratasóirí (comhordaitheoir agus comhpháirtithe iomlána) i ngach togra. Ní chuirtear eintitis chleamhnaithe san áireamh sna critéir íosta incháilitheachta le haghaidh chomhdhéanamh an chuibhreannais.
--	---

Earnálacha nó réimsí	Na 14 éiceachóras thionsclaíocha mar a shainithnítear in Tuarascáil Bhliantúil 2021 ar an Margadh Aonair (Annual Single Market Report 2021)²⁴²: Tabharfar tosaíocht do na tograí a chumhdaíonn na héiceachórais thionsclaíocha seo a leanas mura bhfuil aon Treoirphlean gaolmhar ar bun nó má thagann deireadh leis na Treoirphleananna gaolmhara atá ar bun faoi dheireadh 2023: 1. Soghluaisteacht- lompar- Mótarfheithicleach: Táirgeadh mótarfheithiclí, long agus traenacha, agus gabhálás; A ndearadh agus a gcothabháil; lompar lasta srl. 2. Teicstíl: Táirgeadh teicstílí, corpbhirt, coisbhirt, leathair agus seodra srl. 3. Fuinneamh In- athnuaite: Mótair leictreacha, innill agus tuirbíní; Giniúint cumhachta leictreice; Monarú agus dáileadh gáis srl. 4. Leictreonaic: Táirgeadh leictreonaice srl. 5. Miondíol: Díolacháin miondíola; Mórdhíol nasctha le tomhaltóirí srl. 6. Foirgníocht: Tógáil eastát cónaithe agus neamhchónaithe; Tógáil bóithre agus iarnród; Tógáil fóntas agus innealtóireacht shibhialta; Gníomhaíochtaí comhlachaithe; srl. 7. Aeraspás & Cosaint: Táirgeadh aerárthaí; monaraíocht agus seirbhísí spáis; táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta, srl. 8. Tionscail dianfhuinnimh ísealcharbóin: Eastóscadh breoslaí iontaise; Scagadh; Monarú táirgí ag a bhfuil tionchar comhshaoil ard: plaistigh, ceimiceáin, leasacháin, iarann agus cruach, táirgí foraoisbhunaithe, stroighin, rubar, miotail neamhfheiriúla, srl. Ní thabharfar tosaíocht do na tograí lena gcumhdaítear na héiceachórais thionsclaíocha seo a leanas toisc go bhfuil Comhaontais Threoirphlean ghaolmhara ar bun: 9. Turasóireacht: lompar paisinéirí agus taisteal; Óstáin, lóistín gearrthéarmach; Bialanna agus lónadóireacht; Imeachtaí, páirceanna siamsaíochta théama srl. 10. Agraibhia: Táirgeadh plandaí agus ainmhithe; Próiseáil bia; Gníomhaíochtaí tréidliachta srl. 11. Tionscail Chruthaitheacha agus Chultúrtha: Nuachtáin, leabhair agus tréimhseacháin; Scannán, físeán agus teilifís; Raidió agus ceol; srl.. 12. Digiteach: Teileachumarsáid; Bogearraí agus ríomhchlárú; Tairseacha gréasáin; Monarú ríomhairí agus trealaimh, srl. 13. An Geilleagar Gaireachta agus Sóisialta: Fiontair shóisialta, comhlachais agus comharchumainn arb é is aidhm dóibh tionchar sóisialta a ghiniúint, srl.
------------------------------------	--

²⁴² COM/2020/102 final: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A52020DC0102>

	14. Sláinte: Táirgí cógaisíochta agus trealamh; Ospidéal, tithe altranais, cúram cónaithe srl. Ní mór do Chomhaontais an t-aon éiceachóras tionscail amháin a roghnú ar a dtabharfar aghaidh lena dtionscadal²⁴³. Ní féidir ach amháin togra amháin in aghaidh an éiceachórais tionscail a roghnú le haghaidh cistiú. Is féidir go mbainfidh togra le héiceachóras nach gcumhdaítear le tionscadal Treoirphlean leanúnach nó éiceachóras ag a bhfuil Treoirphlean leanúnach cheana féin. Sa chás deireanach, ní mór aghaidh a thabhairt sa togra ar réimsí agus ábhair ar léir go bhfuil siad éagsúil leo sin ar a dtugtar aghaidh leis an tionscadal Treoirphlean nó leis na tionscadail Treoirphlean²⁴⁴.
Fad an tionscadail	Ba cheart do thionscadail maireachtáil ar feadh 48 mí de ghnáth (is féidir síneadh a chur leo, má tá údar cuí leis agus trí bhithin leasaithe)
Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh?	Faoi bhráid na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr (EACEA). Uimhir aitheantais an Ghlaio beart2: ERASMUS-EDU-2023-PI-ALL-INNO-BLUEPRINT
Cathain is féidir iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí a n-iarratas ar dheontas a chur isteach faoin 3 Bealtaine ar 17:00:00 (am na Bruiséile) .

Déanfar measúnú ar eagraíochtaí is iarratasóirí de réir na gcritéar eisiaimh agus roghnúcháin ábhartha. Chun breis faisnéise a fháil féach Cuid C den Treoir seo.

TIONSCADAL A BHUNÚ

Cuirfidh gach Comhaontas chun feidhme tacar comhleanúnach, cuimsitheach agus inathraitheach gníomhaíochtaí idirnasctha chun feabhas a chur ar an nuálaíocht san ardoideachas, sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint agus i bhfiontair (lena n-áirítear fiontair mhóra, bheaga agus mheánmhéide agus fiontair shóisialta) agus ar an timpeallacht shocheacnamaíoch níos forleithne.

Beart 1: Comhaontais ar son an Oideachais agus na bhFiontar

Ní mór ceann amháin ar a laghad de na gníomhaíochtaí seo a leanas (liosta neamhchuimsitheach) a bheith san áireamh i ngach Comhaontas ar son an Oideachais agus na bhFiontar:

Borradh a chur faoi nuálaíocht

- Modhanna nua foghlama agus teagaisc a fhorbairt agus a chur chun feidhme go comhpháirteach (amhail curaclaim ildisciplíneacha nua, teagasc agus foghlaim atá dírithe ar fhoghlaimeoirí agus bunaithe ar fhadhbanna iarbhír, teicneolaíochtaí nuálacha a úsáid, úsáid níos mó a bhaint as micridhintiúir);
- Cláir agus gníomhaíochtaí oideachais leanúnaigh a fhorbairt agus a thástáil le fiontair agus laistigh díobh;
- Cláir oideachais agus oiliúna a fhorbairt chun tacú leis na scileanna a theastaíonn i réimse na teicneolaíochta doimhne;
- Gortanna a chur ar bun in institiúidí oideachais agus oiliúna ar fud na hEorpa, i ndlúthchomhar leis an earnáil fiontraíochta, chun cabhrú le fiontraithe is mic léinn a smaointe a fhorbairt ina ngnólaíochtaí. D'fhéadfaí é sin a

²⁴³ **Mar shampla**, tá páirteanna ag an earnáil **uiscebhealaí intíre** nó an earnáil **eitlíochta sibhialta** in dhá éiceachóras thionsclaíocha éagsúla: baineann iompar paisinéirí le 'Turasóireacht', agus ar an taobh eile, baineann iompar lasta le 'Soghluaisteacht- Iompar- Mótarfeithicleach'. Ag brath ar an úsáid a bhaintear as, is cumasóir mór í **hidrigin** sna héiceachórais a leanas: Soghluaisteacht/iompar/mótarfeithicleach; Fuinneamh in-athnuaite; Tionscail dianfhuinnimh; Tógáil; Aerospás agus cosaint. Níor cheart do thogra aghaidh a thabhairt ach ar éiceachóras amháin.

²⁴⁴ <https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1415&langId=en>

bhaint amach, mar shampla, trí réimse leathan seirbhísí a chur ar fáil, ag tosú le hoiliúint scileanna, airgeadais, ghnó agus bhainistíochta, chomh maith le soláthar spáis oifige agus maoiniú caipitil fiontair a éascú.

- Forbairt agus tástáil a dhéanamh ar réitigh ar éilimh shóisialta phráinneacha nach dtéann an margadh i ngleic leo agus atá dírithe ar ghrúpaí leochaileacha sa tsochaí; dul i ngleic le dúshlán shochaíocha nó dúshlán a bhaineann le hathruithe i ndearcthaí agus luachanna, straitéisí agus beartais, struchtúir agus próisis eagraíochtúla, córais agus seirbhísí soláthair;
- Réitigh a fhorbairt ar shaincheistanna dúshlánacha, nuálaíocht táirge agus phróisis (trí chomhar mac léinn, ollúna agus cleachtóirí).

Ciall tionscnaíochta agus meonta fiontraíochta, inniúlachtaí agus scileanna a fhorbairt

- Modhanna teagaisc agus uirlisí foghlama nua a fhorbairt lena gcuimsítear foghlaim agus cur i bhfeidhm scileanna trasnaí ar fud cláir ardoideachais agus ghairmoideachais agus ghairmoiliúna a fhorbraítear i gcomhar le fiontair agus atá dírithe ar an infhostaitheacht, an chruthaitheacht agus conairí gairme nua a neartú;
- Ciall tionscnaíochta agus fiontraíochta a thabhairt isteach nuair is iomchuí i ndisciplín, curaclam, cúrsa srl. ar leith chun na hinniúlachtaí, scileanna agus spreagadh a sholáthar do mhic léinn, taighdeoirí, baill foirne agus oideoirí chun acmhainn tionscnaíochta agus meon fiontraíochta a fhorbairt agus le bheith in ann aghaidh a thabhairt ar dhúshlán éagsúla ina saol oideachasúil, gairmiúil agus príobháideach;
- Deiseanna nua foghlama a oscailt trí na heispéiris phraiticiúla agus trí chur i bhfeidhm acmhainne tionscnaíochta agus inniúlachtaí fiontraíochta agus scileanna a bhféadfadh seoladh seirbhísí, táirgí agus fréamhshamhlacha nua a sheoladh agus cruthú gnólachtaí nuathionscanta agus seach- chuideachtaí a bheith rannpháirteach agus/nó ina dtoradh orthu;
- ‘Cineálacha cur chuige níos dírithe ar mhic léinn’ a thabhairt isteach ina ndéanann mic léinn a gconair oideachais féin a shaincheapadh.

Sreabhadh agus malartú eolais a spreagadh idir an t-ardoideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, fiontair agus taighde

- Córais agus fiontair ardoideachais agus ghairmoideachais agus ghairmoiliúna atá cuimsitheach agus nasctha a thógáil trí mhuinín fhrithpháirteach, aitheantas agus deimhniúchán trasteorann, conairí solúbtha idir an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint agus an t- ardoideachas, ag cothú gairmoideachais agus gairmoiliúna ar leibhéal níos airde EQF, agus an tsolúbthacht a fheabhsú d’fhoghlaimeoirí agus d’oibrithe;
- Printíseachtaí agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis an réimse staidéir i bhfiontair, atá leabaithe, aitheanta agus creidiúnaithe go hiomlán sa churaclam; cumraíochtaí chun bearta nuálacha a thriail agus a thástáil; malartuithe mac léinn, taighdeoirí, ball foirne teagaisc agus ball foirne fiontair ar feadh tréimhse theoranta; dreasachtaí a sholáthar le haghaidh rannpháirtíocht ball foirne fiontair sa teagasc agus sa taighde; anailís ar shonraí taighde. I gcás inarb ábhartha, d’fhéadfadh na tionscadail naisc a dhéanamh leis an gComhaontas Eorpach do Phrintíseachtaí²⁴⁵.

²⁴⁵<https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1147&langId=en#:~:text=The%20European%20Alliance%20for%20Apprenticeships%20%28EaFA%29%20unites%20governments,through%20national%20commitments%20and%20voluntary%20pledges%20from%20stakeholders.>

Riachtanais an mhargaidh agus gairmeacha atá ag teacht chun cinn a bhaineann leis an athléimneacht a shainaitint

- Riachtanais an mhargaidh agus gairmeacha atá ag teacht chun cinn (ar thaobh an éilimh) a shainaitint, feabhas a chur ar fhreagrúlacht córas ar gach leibhéal do riachtanais mhargaidh an tsaothair (ar thaobh an tsoláthair); an soláthar ardoideachais agus gairmoideachais agus gairmoiliúna a oiriúnú do riachtanais scileanna trí churaclaim thrasnáisiúnta ar fud na hearnála a dhearadh agus a sholáthar lena gcuimsítear an fhoghlaím obairbhunaithe;
- Na scileanna sin a shainaitint a bhfuil gá leo san fhearann poiblí chun dúshlán shochaíocha (mar shampla an t-athrú aeráide, sláinte) a réiteach agus athléimneacht a spreagadh ar leibhéal na sochaí agus an phobail, lena n-áirítear trí chomhar institiúidí ardoideachais agus soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna le húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla chomh maith leis an earnáil phríobháideach chun rannchuidiú le Straitéisí um Speisialtóireacht Chliste i réigiúin a dhearadh agus a chur chun feidhme;
- Tacaíocht a sholáthar chun an mhímheaitseáil scileanna a sháru le haghaidh na hathléimneachta agus riachtanais an mhargaidh araon.

Beart 2: Comhaontais um chomhar earnála maidir le scileanna (lena gcuirtear chun feidhme an 'Treoirphlean')

Ní mór na gníomhaíochtaí seo a leanas a chur chun feidhme:

Forbairt cur chuige straitéisigh i leith comhar earnála maidir le scileanna

- Comhar inbhuanaithe a chur ar bun ar forbairt scileanna idir príomh-gheallsealbhóirí an tionscail lena n-áirítear comhpháirtithe sóisialta, soláthraithe oideachais agus oiliúna, agus údaráis phoiblí (ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach). Is é is aidhm don tionscadal freisin an comhar a thógáil idir fiontair mhóra agus micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide ar fud an tslabhra luacha in éiceachóras tionscadail ar leith;
- Faisnéis scileanna a bhailiú ar bhonn leanúnach: fianaise cháilíochtúil agus sonraí cainníochtúla a sheachadadh atá ábhartha ar leibhéal an Aontais agus na tíre agus/nó ar leibhéal réigiúnach de réir formáid sonraí nasctha saor-rochtana; modheolaíocht choiteann a forbairt chun riachtanais scileanna amach anseo a thuairisc a chomh maith le monatóireacht a dhéanamh (ar bhonn bliantúil) ar an dul chun cinn agus ar éabhlóid an éilimh agus an tsoláthair scileanna bunaithe ar chásanna fadbhreathnaitheachta inchreidte, ag tarraingt ar Lánleargas Scileanna an Aontais, agus i gcás inarb ábhartha, obair ECFE, an Fhórait Eacnamaíoch Dhomhanda agus Comhaontais Scileanna Earnála atá ann cheana;
- Mapáil tacaíochta uas-scilithe agus athscilithe atá le fáil san earnáil/san éiceachóras (atá soláthartha ag geallsealbhóirí sa tionscal agus geallsealbhóirí poiblí agus príobháideacha) agus na gníomhaíochtaí sin a bhféadfaí cur leo chun tacú le cuideachtaí sna slabhraí breisluacha a shainaitint;
- Bunaithe ar an bhfaisnéis scileanna, straitéis scileanna a forbairt le haghaidh an éiceachórais tionscail lena n-áirítear tosaíochtaí le haghaidh gníomhaíochtaí chun tacú leis na cuspóirí a bhaineann le lucht saothair an éiceachórais tionscail agus iad sin a d'fhéadfadh dul isteach san earnáil (mar shampla atá neamhghníomhach go heacnamaíoch) a athsciliú agus a uas-sciliú. Ba cheart a leagan amach sa straitéis conas ar dhócha go ndéanfaí difear le mórtreochtaí, amhail forbairtí domhanda, sochaíocha agus teicneolaíocha san earnáil tionscail, ar phoist agus riachtanais scileanna. Ba cheart tuairisc a thabhairt inti ar an amlíne ionchais agus ba cheart aird ar leith a thabhairt ar thionchar teicneolaíochtaí digiteacha agus ar thionchar príomhtheicneolaíochtaí cumasúcháin. Ba cheart próifíil gairme agus scileanna gaolmhara a shainaitint agus a shainmhíniú léi ar dhócha go dtiocfaidís chun cinn san earnáil (is é sin, a bheidh nua ar fad). Ba cheart príomhghníomhaithe tionscail agus geallsealbhóirí a shainaitint inti freisin ar cheart dóibh a bheith rannpháirteach i gcur chun feidhme na straitéise. Ba cheart an straitéis seo a bheith ar cheann de na chéad phríomhtháirgí insoláthartha de chuid an tionscadail, lena léirítear taca soiléir gníomhaíochtaí, garspriocanna agus aschur dea-shainithe, mar aon le gníomhaíochtaí tosaíochta nithiúla a leagan amach lena moltar conas

an t-éileamh agus an soláthar scileanna a mheaitseáil le haghaidh na ngairmeacha sin atá ag teacht chun cinn. Ba cheart an straitéis a úsáid mar bhonn chun an chomhpháirtíocht a thógáil faoin gComhshocrú um Scileanna;

- I gcás inarb ábhartha, a áirithiú go mbíonn torthaí an tionscadail le fáil i bhformáid sonraí oscailte le go bhféadfaí iad a úsáid i Lánléargas Scileanna an Aontais agus san Aicmiú Eorpach Scileanna, Inniúlachtaí, Cáilíochtaí agus Gairmeacha (ESCO);
- Fianaise cháilíochtúil agus sonraí cainníochtúla a sheachadadh atá ábhartha ar leibhéal an Aontais agus na tíre agus/nó ar leibhéal réigiúnach de réir formáid sonraí nasctha saor-rochtana.

‘Croíchuraclaim’ agus cláir oiliúna Eorpacha atá comhaontaithe ar fud na hearnála a dhearadh

- **Laistigh de chéad bhliain den ghníomhaíocht (freagairt ghasta)**

I gcomhthráth leis na gníomhaíochtaí thuas, le gach tionscadal ba cheart **aghaidh a thabhairt go gasta ar riachtanais scileanna práinneacha i ngairmeacha in éiceachóras tionscail a thagann ó phaindéim COVID-19 agus an t-aistriú digiteach agus glas** (fianaise le soláthar sa togra):

- Ag tarraingt, i gcás ina bhfuil fáil orthu, ar phróifílí gairme Aicmiú ESCO agus creataí inniúlachta atá ann cheana²⁴⁶;
- Cláir gairmoiliúna leanúnaí a dhearadh chun an lucht saothair a uas-sciliú agus a athsciliú tríd an bhfoghlaim nuálach chumaisc agus obairbhunaithe;
- Dea-cháilíocht inneachar agus sholáthar na gclár oiliúna nua a áirithiú trí mhodhanna dearbhaithe cáilíochta a chur i bhfeidhm i gcomhréir le EQAVET agus ESG (Caighdeán agus Treoirínte Eorpacha um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas);
- Glacadh gasta agus úsáid na gclár oiliúna a áirithiú trí dhul i bhfeidhm ar phríomhghníomhaithe i slabhraí luacha laistigh den éiceachóras tionscail, Ionaid Barr Feabhais Gairme²⁴⁷, réigiúin ina gcuirtear chun feidhme straitéisí um speisialtóireacht chliste²⁴⁸, Comhpháirtíochtaí Braislí Eorpacha²⁴⁹ agus Pobail agus Eolais agus Nuálaíochta (PENanna) na hInstitiúide Eorpaí um Teicneolaíocht (EIT)²⁵⁰ atá gníomhach san éiceachóras tionscail céanna.
- **Ó thús deiridh an tionscadail (freagairt réamhghníomhach)**

Le tionscadail ba cheart oibriú ansin ar **phróifílí gairme agus inneachar oiliúna a fhorbairt le haghaidh próifílí gairme atá ag athrú agus ag teacht chun cinn**:

- Ar bhonn riachtanais scileanna shainaitheanta le haghaidh próifílí gairme atá ag teacht chun cinn in éiceachóras tionscadail, dearadh a dhéanamh ar churaclaim ghairmoideachais agus ghairmoiliúna mhodúlacha nua agus cáilíochtaí nua le haghaidh oideachas agus oiliúint tosaigh (curaclaim iomlána le haghaidh lánpháirtiú i gcórais oideachais agus oiliúna), agus cláir gairmoiliúna leanúnaí chun daoine in aois oibre a uas-sciliú nó a athsciliú (modúil lena dtugtar aghaidh ar riachtanais scileanna atá ag teacht chun cinn);
- Beidh an curaclaim agus na cláir oiliúna sin comhdhéanta d’aonaid torthaí foghlama, i gcomhréir leis an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF) / an Creat Náisiúnta um Cháilíochtaí (NQFanna) agus bunaithe ar fhaisnéis

²⁴⁶ Mar shampla an Creat Inniúlachta Digítí do Shaoránaigh, an Creat Inniúlachta Fiontraíochta agus an creat Eorpach r-inniúlachtaí (e-CF)

²⁴⁷ <https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1501&langId=ga>

²⁴⁸ <https://s3platform.jrc.ec.europa.eu/home>

²⁴⁹ <https://www.clustercollaboration.eu>

²⁵⁰ <https://eit.europa.eu/>

ESCO; le curaclaim ba cheart scileanna postsonracha a sholáthar chomh maith le príomhinniúlachtaí²⁵¹, lena n-áirítear go háirithe scileanna trasnaí agus disciplíní ETEIM²⁵²;

- Tréimhsí foghlama obairbhunaithe a lánpháirtiú san inneachar oiliúna nua, lena n-áirítear deiseanna chun eolas a chur i bhfeidhm i gcásanna praiticiúla ‘fíorshaoil’ san ionad oibre, agus eispéireas trasnáisiúnta foghlama a leabú aon uair is féidir;
- Bainistíocht cáilíochta a chur i bhfeidhm maidir leis an inneachar oiliúna nua trí phrionsabail dearbhaithe cáilíochta EQAVET agus ESG a chur i bhfeidhm nó trí úsáid a bhaint as córais dearbhaithe cáilíochta atá ann cheana, córais ar cheart dóibh, áfach, a bheith i gcomhréir le EQAVET agus ESG;
- Cáilíochtaí earnála ábhartha a chur chun cinn lena n-áirítear cláir chomhpháirteacha thrasnáisiúnta (a chuimsíonn Próifílí Láir Gairme Eorpaigh²⁵³) arna mbronnadh ag níos mó ná soláthraí oideachais agus oiliúna amháin, rud a éascaíonn an deimhniú trasteorann, agus muinín fhrithpháirteach a thógáil, rud a rannchuidíonn le soghluaisteacht foghlaimeoirí agus soghluaisteacht ghairmiúil níos mó san earnáil.

‘Croíchuraclaim’ agus cláir oiliúna a sholáthar

- Modheolaíochtaí soláthair a fhorbairt le haghaidh na gcuraclaim agus na gclár oiliúna, atá oiriúnaithe do na spriocghrúpaí éagsúla, ina mbaintear úsáid as cineálacha cur chuige nuálacha i leith an teagaisc agus na foghlama, lena n-áirítear soláthar foghlama obairbhunaithe, úsáid TFCanna (mar shampla an fhoghlaím chumaisc, ionsamhlóirí, an réaltacht bhreisthe, srl.), réitigh shoghluaisteachta fíorúla/cumaisc le haghaidh foghlaimeoirí agus baill foirne, agus acmhainní oscailte oideachais (mar shampla foghlaim intleachta saorga feabhsaithe, MOOCanna²⁵⁴);
- Gníomhaíochtaí a fhorbairt chun aistriú idirghlúine eolais ghairmiúil a éascú;
- Tuairisc a thabhairt ar na bealaí ar féidir le modheolaíochtaí agus nósanna imeachta measúnaithe gach cineál forbartha a chumhdach, lena n-áirítear foghlaim obairbhunaithe, agus bailíochtú scileanna agus inniúlachtaí a éascú a sealbhaítear iad roimh an oiliúint;
- Tógáil ar theagmhálaithe bunaithe agus ar theagmhálaithe nua atá bunaithe le taobh an éilimh scileanna le linn chéim na faisnéise scileanna, dul i bhfeidhm ar sholáthraithe deiseanna fostaíochta, amhail fostóirí príobháideacha agus poiblí agus seirbhísí fostaíochta, le haghaidh meaitseáil fhéideartha le céimithe oiliúna;
- Bearta leordhóthanacha a shainaithint chun foghlaimeoirí a rianú tar éis dóibh a n-oiliúint a chur i gcrích chun ‘aischothaithe’²⁵⁵ a chur ar fáil. Féadfaidh na córais rianaithe agus aischothaithe sin tógáil ar fhaisnéis ó chuideachtaí, foghlaimeoirí/fostaithe, chomh maith le hacmhainní faisnéise poiblí agus geallsealbhóirí mhargadh an tsaothair;
- Na bearta iomchuí a mholadh le haghaidh aithint fhoirmiúil na gcuraclaim agus na gcáilíochtaí ardoideachais agus gairmoideachais agus gairmoiliúna gairme nua nó oiriúnaithe sna tíortha ina bhfuil na comhpháirtithe lonnaithe agus san earnáil tionscail a chumhdaítear.

²⁵¹ https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=uriserv%3AOJ.C_.2018.189.01.0001.01.ENG&toc=OJ%3AC%3A2018%3A189%3ATOC

²⁵² Eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht, ealaíona agus matamaitic

²⁵³ Tuairiscítear i bPróifílí Láir Gairme Eorpaigh tacair príomhthorthaí foghlama a thagann le próifílí gairme atá coitianta agus ábhartha maidir le cláir ghairmoideachais agus ghairmoiliúna náisiúnta ar fud thíortha an Aontais i réimsí ceirde/gairme sonracha

²⁵⁴ Ollchúrsa oscailte ar líne is ea MOOC atá dírithe ar rannpháirtíocht gan teorainn agus rochtain oscailte ar an ngréasán. De bhreis ar ábhair thraidisiúnta chúrsa amhail léachtaí fístaifeadta, léamha, agus tacair fadhbanna, soláthraíonn go leor MOOCanna fóraim idirghníomhacha d’úsáideoirí chun tacú le hidirghníomhaíochtaí pobail i measc mic léinn, ollúna, agus cúntóirí teagaisc.

²⁵⁵ Féach Táirge insoláthartha meántéarmach 2 (MTD2) i gConclúidí Riga 2015: <https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/200c516d-b8de-4c2a-a233-218671296c8d/language-en>

Plean gníomhaíochta fadtéarmach a dhearadh le haghaidh fheidhmiú céimneach tháirgí insoláthartha an tionscadail nuair a bheidh deireadh tagtha leis an tionscadal

- Beidh an plean sin bunaithe ar chomhpháirtíochtaí inbhuanaithe idir soláthraithe oideachais agus oiliúna, príomhghéallsealbhóirí tionscail agus údaráis phoiblí (ar an leibhéal réigiúnach nó náisiúnta) ar an leibhéal iomchuí chun comhpháirtíochtaí scileanna ilghéallsealbhóra a éascú/a neartú faoin gComhshocrú um Scileanna le haghaidh athsciliú agus uas-sciliú an lucht oibre. Ba cheart a áireamh ann sainaitheint struchtúr rialachais iomchuí, chomh maith le pleananna le haghaidh inscálaitheachta agus inbhuanaitheacht airgeadais;
- Leis an bplean áirítear infheictheacht iomchuí agus scaipeadh forleathan na dtorthaí, lena n-áirítear ar leibhéal polaitiúil an Aontais agus ar an leibhéal polaitiúil náisiúnta/réigiúnach, agus áireofar mionsonraí ar conas a dhéanfar an rolladh amach a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus/nó réigiúnach le húdaráis phoiblí ábhartha;
- Leis an bplean déanfar foráil maidir le conas a dhéanfar táirgí insoláthartha an tionscadail, go háirithe an fhaisnéis scileanna, an straitéis agus na cláir oiliúna, a thabhairt cothrom le dáta i ndiaidh dheireadh fhad 4 bliana an tionscadail, lena n-áirítear trí fhoráil a dhéanamh maidir lena fhoinsí cistiúcháin amach anseo;
- Maidir le deiseanna cistiúcháin an Aontais (mar shampla an tsaoráid téarnaimh agus athléimneachta (RRF), creat airgeadais ilbhliantúil an Aontais (CAI) 2021-2027, lena n-áirítear Cistí Struchtúracha na hEorpa, InvestEU, Erasmus+), chomh maith le hinfeistíocht phríobháideach agus le maoiniú náisiúnta/réigiúnach, léireofar leis an bplean conas is féidir tacú le straitéisí scileanna leis na nithe sin. Leis sin ba cheart a chur san áireamh straitéisí um speisialtóireacht chliste, comhpháirtíochtaí braislí Eorpacha, líonra na nIonad Barr Feabhais agus Pobail Nuálaíochta EIT.

Faoin dá Bheart (Beart 1: Comhaontais ar son an Oideachais agus na bhFiontar agus Beart 2: Comhaontais um chomhar earnála maidir le scileanna (lena gcuirtear chun feidhme an 'Treoirphlean'))

Éilítear ar Chomhpháirtíochtaí ar son na Nuálaíochta ionstraimí agus uirlisí ar fud an Aontais, amhail EQF, ESCO, Europass (Dintiúir Dhigiteacha Eorpacha le haghaidh Foghlama san áireamh), EQAVET agus ESG, a chur i bhfeidhm aon uair is ábhartha. Má mholtar i dtograí, mar shampla, pobail cleachtas a chruthú nó suíomhanna gréasáin le haghaidh comhair a fhorbairt, ba cheart dóibh, i gcás inarb ábhartha, ardáin ar líne atá ann cheana a fhorbairt agus a úsáid, amhail an tArdán Eorpach um Oideachas Scoile, EPALE, nó Pobal EPALE de chleachtóirí gairmoideachais agus gairmoiliúna²⁵⁶.

Chun curaclaim nua nó modhanna nua oiliúna agus foghlama a thriail agus a thástáil, féadfaidh Comhaontais ar son na Nuálaíochta gníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlama a reáchtáil le haghaidh mic léinn, múinteoirí, taighdeoirí agus baill foirne a mhéid a thacaíonn/chuireann siad le príomhghníomhaíochtaí na gcomhpháirtíochtaí agus a bhfuil breisluach ag baint leo i gcur chun feidhme chuspóirí an tionscadail.

TIONCHAR MEASTA

Beidh Comhaontais ar son na Nuálaíochta fréamhaithe sa chomhar straitéiseach inbhuanaithe sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint agus san oiliúint, san ardoideachas agus i bhfiontair atá ag obair le chéile chun borradh a chur faoi inniúlacht nuálaíochta na hEorpa. Neartóidh siad go mór na sineirgí idir an dá réimse oideachais tríd an nuálaíocht, scileanna nua, ciall tionscnaíochta agus meonta fiontraíochta a chothú. Táthar ag súil go rannchuideoidh na comhaontais sin san ardoideachas, sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint agus sna fiontair le forbairt éiceachóras réigiúnach agus go soláthrófar go díreach leo ionchur luachmhar sa gheilleagar, lena ndéantar an fhoghlaim obairbhunaithe a lánpháirtiú. Bíodh is go mbíonn eolas agus sonraí ó thaighde ag na hollscoileanna, rud a chuireann ar

²⁵⁶ <https://epale.ec.europa.eu/en/practitioners-in-vet>

a gcumas dóibh ionchur a sholáthar go díreach d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide chun borradh a chur faoi gheilleagair áitiúla, soláthraíonn soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna na scileanna a bhíonn de dhíth ar fhiontair agus is féidir leo an fás a chothú sa gheilleagair áitiúil.

Ar scála níos mó, bítear ag súil go ndíreoidh Comhaontais ar son na Nuálaíochta ar dhúshláin shochaíocha agus eacnamaíocha, san oideachas agus san fhostaíocht araon, agus go gcuirfidh siad san áireamh príomhréimsí amhail dúshláin nuálaíochta, soláthar scileanna, an t-athrú aeráide, an geilleagair glas, an déimeagrafaíocht, an digitiú agus an intleacht shaorga. Féadfar tairbhe a bhaint as comhar le fiontair mhóra freisin. Díreoidh na Comhaontais son na Nuálaíochta ar riachtanas na saoránach agus cuirfidh siad luas faoi nuachóiriú an ardoideachais agus an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna.

Leis an gComhshocrú um Scileanna ní hamháin go mbunófar creat le haghaidh chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí eile de chuid an Chláir Oibre do Scileanna atá tugtha cothrom le dáta, ach freisin le haghaidh scaipeadh agus shaothrú thorthaí tionscadail na gComhaontas ar son na Nuálaíochta. Go háirithe úsáidfear torthaí na gComhaontas Treoirphlean ar son comhar earnála maidir le scileanna mar bhonn le haghaidh comhpháirtíochtaí earnála ar mhórsála de chuid an Chomhshocráithe um Scileanna.

Ina theannta sin, cuideoidh na Comhaontais le cur chun feidhme na Teachtaireachta ón Aontas maidir leis an gClár Oibre Athnuaite don Ardoideachas²⁵⁷ agus rannchuideoidh siad le cruthú Limistéir Eorpaigh Oideachais²⁵⁸. Rannchuideoidh siad freisin le straitéisí Tionscail agus FBManna an Aontais a chur chun feidhme (2021).

Cuirfear san áireamh freisin leis na Comhaontais ar son na Nuálaíochta Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Chlár Oibre 2030²⁵⁹ agus Dearbhú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide²⁶⁰ mar pharaiméadair uileghabhálacha na gníomhaíochta, rud a chuidíonn leis an gCoimisiún Eorpach a Chomhaontú Glas nua²⁶¹ agus an Plean Téarnaimh don Eorpach²⁶² a chur chun feidhme. Cuirfidh na Comhaontais smaointe leis an tionscnamh Bauhaus Eorpach Nua²⁶³ arb é is aidhm dó bealaí nua inbhuanaithe maireachtála a dhearadh chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a chomhlíonadh.

Tá sé i gceist go mbeidh tionchar gearrthéarmach agus fadtéarmach ag Comhaontais ar son na Nuálaíochta ar an réimse níos forleithne geallsealbhóirí atá rannpháirteach, ar leibhéal aonair, eagraíochtúil agus sistéamach. Meastar go rachaidh an tionchar sin níos faide ná saolré an tionscadail agus níos faide ná na heagraíochtaí atá páirteach sna comhpháirtíochtaí. Meastar go leanfaidh an chomhpháirtíocht agus na gníomhaíochtaí ar aghaidh. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí nach mbeadh na torthaí/na táirgí insoláthartha ina dtorthaí/ina dtáirgí neamhspleácha ach go nascfaí iad le gnóthais, scéimeanna, tionscadail, ardáin, fiontair srl., nó go ndéanfaí iad a lánpháirtiú iontu sin.

CRITÉIR DHÁMHACHTANA

Tá feidhm ag na critéir dhámhachtana seo a leanas maidir le **Beart 1 – Comhaontais ar son an Oideachais agus na bhFiontar**:

²⁵⁷ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52017DC0247>

²⁵⁸ https://ec.europa.eu/education/education-in-the-eu/european-education-area_en

²⁵⁹ <https://www.un.org/sustainabledevelopment/sustainable-development-goals/>

²⁶⁰ <https://unfccc.int/process-and-meetings/the-paris-agreement/the-paris-agreement>

²⁶¹ https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/european-green-deal-communication_en.pdf

²⁶² https://ec.europa.eu/info/strategy/recovery-plan-europe_ga

²⁶³ https://europa.eu/new-european-bauhaus/index_en

Ábharthacht an tionscadail (scór uasta 25 phointe)	Cúlra agus cuspóirí ginearálta • Nasc chuig beartas agus tionscnaimh ón Aontas: cuirtear san áireamh leis an togra na cuspóirí Eorpacha i réimsí an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna agus an ardoideachais; cuirtear san áireamh leis an togra infheictheacht a thabhairt d'uirlisí agus do thionscnaimh an Aontais maidir le forbairt scileanna agus rannchuidíonn sé leis sin; • Cuspóir: tá an togra ábhartha maidir le cuspóirí agus gníomhaíochtaí na Gníomhaíochta. Anailís riachtanas agus cuspóirí sonracha • Comhsheasmhacht: tá na cuspóirí bunaithe ar anailís iontaofa ar riachtanais; sainítear iad go soiléir, tá siad réalaióch, agus tugtar aghaidh leo ar shaincheisteanna atá ábhartha maidir leis na heagraíochtaí rannpháirteacha agus leis an nGníomhaíocht; • Scileanna digiteacha: a mhéid a chomhtháthaítear leis an togra scileanna digiteacha san ábhar oiliúna le haghaidh próifíl ghairmiúil amháin, nó roinnt próifílí gairmiúla gaolmhara agus, más infheidhme, a mhéid a chomhtháthaítear leis an togra scileanna atá nasctha le riachtanais réimse na teicneolaíochta doimhne san ábhar oiliúna; • Scileanna glasa: a mhéad, leis an togra, a lánpháirtítear scileanna atá nasctha leis an aistriú chuig geilleagar níos ciorclaí agus níos glais san inneachar oiliúna le haghaidh próifíl ghairmiúil amháin, nó roinnt próifílí gairmiúla gaolmhara; • Scileanna athléimneachta: a mhéid a lánpháirtítear leis an togra scileanna atá nasctha leis an inniúlacht ar oiriúnú, ar athruithe a bhainistiú, agus ar aire a thabhairt dá chéile mar phobal. Comhlántacht i gcomparáid le gníomhaíochtaí eile agus leis an nuálaíocht – breisluach Eorpach • Nuálaíocht: cuirtear modhanna agus teicnící úrscothacha san áireamh sa togra, amhail bunú gorlann laistigh d'institiúidí oideachais agus oiliúna, agus beidh mar thoradh air torthaí agus réitigh nuálacha a bhaineann go sonrach leis an tionscadal; • Breisluach Eorpach: léirítear go soiléir leis an togra an breisluach a ghintear trína thrasnáisiúntacht agus a inaistritheacht ionchais; • Ionadaíocht oideachais agus oiliúna: áirítear sa Chomhaontas comhpháirtithe lena ndéantar ionadaíocht leordhóthanach do sholáthraithe oideachais agus oiliúna, agus léirítear leis tairbhí/ábharthacht don ardoideachas agus don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint.
--	---

Cáilíocht dhearadh agus chur chun feidhme an tionscadail (scór uasta 30 pointe)	Coincheap agus modheolaíocht • Comhleanúnachas: le dearadh foriomlán an tionscadail áirithítear comhsheasmhacht idir cuspóirí an tionscadail, modheolaíochtaí, gníomhaíochtaí agus an buiséad atá beartaithe. Cuirtear i láthair sa togra tacar comhleanúnach cuimsitheach gníomhaíochtaí iomchuí chun freastal ar na riachtanais shainaitheanta agus chun na torthaí a bhfuil súil leo a bhaint amach; • Struchtúr: tá an clár oibre soiléir agus intuigthe, agus cumhdaítear leis gach céim (ullmhú, cur chun feidhme, saothrú, monatóireacht, meastóireacht agus scaipeadh); • Modheolaíocht: baintear leas sa togra as ionstraimí agus as uirlisí ón Aontas a bhaineann le scileanna agus gairmeacha aon uair is ábhartha, amhail EQF, ESCO, Europass, EQAVET, ESG. Bainistíocht tionscadail, dearbhú cáilíochta agus straitéis monatóireachta agus meastóireachta • Bainistíocht: déantar foráil maidir le socruithe bainistíochta láidre. Sainítear amlínte, eagrú, cúraimí agus freagrachtaí go soiléir agus tá siad réalaithe. Leithdháiltear acmhainní iomchuí do gach gníomhaíocht sa togra; • Plean oibre: cáilíocht and éifeachtacht an phlean oibre, lena n-áirítear a mhéid atá na hacmhainní atá sannta do phacáistí oibre i gcomhréir lena gcuaspóirí agus lena dtáirgí insóláthartha; • Cáilíocht na socruithe chun cáilíochtaí a aithint agus a bhailíochtú: i gcomhréir le huirlisí agus prionsabail trédhearcachta agus aitheantais Eorpacha, lena n-áirítear maidir le micridhintiúir. Cost-éifeachtacht agus bainistíocht airgeadais • Buiséad: déantar foráil sa bhuiséad maidir le hacmhainní iomchuí a bhfuil gá leo chun go n-éireodh leis an tionscadal, ní dhéantar rómheastachán ar an mbuiséad ná ní mheastar faoina luach é; • Rialú airgeadais agus cáilíochta: le bearta rialaithe (meastóireacht leanúnach ar cháilíocht, piarmheasúnuithe, gníomhaíochtaí tagarmharcála, srl.) agus tascairí cáilíochta áirithítear go gcuirtear an tionscadal chun cinn ar bhealach ardcháilíochta agus costéifeachtúil. Sainithnítear dúshlán/rioscaí an tionscadail go soiléir agus téitear i ngleic le bearta maolaithe go hiomchuí. Beartaítear próisis athbhreithnithe shaineolaigh mar chuid lárnach den tionscadal. Áirítear i gclár oibre an Chomhaontais measúnú seachtrach neamhspleách ar cháilíocht i lár téarma agus deireadh an tionscadail.
---	---

Cáilíocht na comhpháirtíochta agus na socruithe comhair (scór uasta 25 phointe)	Socrú cuibhreannais • Cumraíocht: tá comhdhéanamh na comhpháirtíochta i gcomhréir le cuspóirí na gníomhaíochta agus an tionscadail; tugtar le chéile ann meascán iomchuí eagraíochtaí ábhartha, lena n-áirítear gairmoideachas agus gairmoiliúint, ardoideachas agus fiontair ag a bhfuil na próifílí, na scileanna, an taithí, an saineolas agus an tacaíocht bhainistíochta is gá a éilítear le haghaidh chur chun feidhme rathúil an tionscadail; áirítear leis an gComhaontas comhpháirtithe lena ndéantar ionadaíocht leordhóthanach don chur chuige earnála nó trasearnála lena mbaineann; • Gealltanais: tá an rannchuidiú ó na comhpháirtithe suntasach, ábhartha agus comhlántach; is léir agus is iomchuí dáileadh na bhfreagrachtaí agus na gcúraimí, agus léirítear leis gealltanais agus rannchuidiú gníomhach na n-eagraíochtaí rannpháirteacha uile i ndáil lena saineolas agus lena n-inniúlacht shonrach; • Rannpháirtíocht tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár: más infheidhme, tugann rannpháirtíocht eagraíochtaí rannpháirteacha ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár breisluach fíor-riachtanach don Chomhaontas. Bainistíocht chuibhreannais agus cinnteoireacht • Cúraimí: léiríonn an comhordaitheoir bainistíocht agus comhordú ardcháilíochta ar líonraí trasnáisiúnta agus ar an gceannaireacht i dtimpeallacht chasta. Leithdháiltear cúraimí aonair ar bhonn fhios gnó sonrach gach rannpháirtí; • Comhar/Spiorad foirne: beartaítear sásra éifeachtach chun comhordú, réiteach coinbhleachta, cinnteoireacht agus cumarsáid éifeachtúil a áirithiú idir na heagraíochtaí rannpháirteacha, na rannpháirtithe agus aon gheallsealbhóir ábhartha eile; • Luach saothair: soláthraítear breisluach soiléir agus tairbhí soiléire leis an gComhaontas do gach eagraíocht chomhpháirtíochta.
---	---

Tionchar (scór uasta 20 pointe)	Tionchar agus uaillmhian • Saothrú: léirítear leis an togra conas a úsáidfídh na comhpháirtithe agus geallsealbhóirí eile torthaí an Chomhaontais seo. Foráiltear ann modhanna chun an saothrú a thomhas laistigh de shaolré an tionscadail agus ina dhiaidh sin; • Tionchar: léirítear leis an togra ábharthacht agus for-rochtain shochaíoch agus eacnamaíoch. Áirítear leis tionchar ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus Eorpach ar na spriocghrúpaí agus na geallsealbhóirí ábhartha a bhfuil ról mór acu san earnáil lena mbaineann lena n-áirítear san oideachas agus san oiliúint. Cuimsítear leis bearta chomh maith le spriocanna agus táscairí chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn agus chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar measta (sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma). Cumarsáid, scaipeadh agus infheictheacht • Scaipeadh: soláthraítear plean soiléir sa togra maidir le scaipeadh na dtorthaí, agus áirítear ann gníomhaíochtaí iomchuí agus a n-uainiú, uirlisí agus cainéil lena áirithiú go ndéanfar na torthaí agus na tairbhí a scaipeadh go héifeachtach ar gheallsealbhóirí agus an spriocphobal neamh-rannpháirteach laistigh de shaolré an tionscadail agus ina dhiaidh sin. Inbhuanaitheacht agus leanúnachas • Rochtain oscailte: Más ábhartha, tugtar tuairisc sa togra ar an gcaoi a ndéanfar na hábhair, na doiciméid agus na meáin a tháirgfear a chur ar fáil gan srian agus a chur chun cinn trí cheadúnais oscailte, agus nach bhfuil teorainneacha díréireacha ann; • Inbhuanaitheacht: mínítear sa togra conas a fhorbrófar an plean gníomhaíochta le haghaidh rolladh amach ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach. Áirítear sa togra bearta iomchuí agus sainaitheint acmhainní airgeadais (Eorpacha, náisiúnta agus príobháideacha) lena áirithiú go mbeidh na torthaí agus na tairbhí a bhainfear amach inbhuanaithe tar éis shaolré an tionscadail.
---	---

Le bheith incháilithe le haghaidh cistiú, ní mór do thograí ar a laghad **70 pointe** a ghnóthú agus an scór pas íosta is gá le haghaidh gach ceann de na ceithre chritéar dámhachtana á chur san áireamh freisin: uasmhéid 13 phointe le haghaidh na catagóire ‘ábharthacht an tionscadail’; 16 phointe le haghaidh ‘cáilíocht dhearadh agus chur chun feidhme an tionscadail’, 13 phointe le haghaidh ‘cáilíocht na comhpháirtíochta agus na socruithe comhair’ agus 11 phointe le haghaidh ‘tionchar’.

Na tograí ex aequo laistigh den ábhar céanna tabharfar tosaíocht dóibh de réir na scór a bheidh dáfa orthu le haghaidh an chritéir dámhachtana ‘ábharthacht’ agus ansin ‘tionchar’.

Tá feidhm ag na critéir dhámhachtana seo a leanas maidir le **Beart 2 – Comhaontais ar son Comhar Earnála (lena gcuirtear chun feidhme an ‘Treoirphlean’)**:

Ábharthacht an tionscadail (scór uasta 25 phointe)	Cúlra agus cuspóirí ginearálta • Nasc chuig beartas agus tionscnaimh ón Aontas: leis an togra cuirtear san áireamh baint amach na gcuspoirí Eorpacha i réimse an ardoideachais agus an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna agus beartas earnála ón Aontas atá ábhartha maidir le héiceachóras tionscail ar leith agus tacaítear leis an gcomhpháirtíocht scileanna ar scála mór faoin gComhshocrú um Scileanna ina éiceachóras tionsclaíoch. Rannchuidíonn sé leis an gClár Oibre Eorpach do Scileanna Nua agus cuirtear san áireamh leis uirlisí an Aontais. Maidir le togra lena dtugtar aghaidh ar éiceachóras tionsclaíoch inar cuireadh Comhaontas Treoirphlean chun feidhme cheana féin, ní mór dó sonrú go soiléir conas a fhorbróidh sé an t- iarthionscadal Treoirphlean; ní ceadmhach aon fhorluí i raon feidhme, aschuir ná gníomhaíochtaí. Ar chomhcháilíocht, beidh togra lena gcumhdaítear éiceachóras tosaíochta níos ábhartha ná togra lena gcumhdaítear éiceachóras nach bhfuil aon tosaíocht aige; • Cuspóir: tá an togra ábhartha maidir le cuspóirí agus gníomhaíochtaí na Gníomhaíochta. Go háirithe, leis an togra áirítear forbairtí ar thacar thar a bheith ábhartha próifílí gairme atá ag teacht chun cinn, agus dearthaí agus cáilíochtaí gaolmhara, atá eagraithe in aonaid torthaí foghlama, ar leibhéil 3 go 5 de EQF agus ar leibhéil 6 go 8 de EQF araon. Áirítear leis an togra dearadh, tástáil agus soláthar tosaigh na gclár oideachais agus oiliúna gaolmhar, a ceapadh agus a soláthraíodh mar dheiseanna foghlama modúlacha, solúbtha, inrochtana, agus bailíochtú scileanna a fuarthas roimhe sin á chur san áireamh. Anailís riachtanas agus cuspóirí sonracha • Comhsheasmhacht: tá na cuspóirí bunaithe ar anailís iontaofa ar riachtanais; sainítear iad go soiléir, tá siad réalaíoch, agus tugtar aghaidh leo ar shaincheistean atá ábhartha maidir leis na heagraíochtaí rannpháirteacha agus leis an ngníomhaíocht; • Ionadaíocht earnála/réimse: áirítear leis an gComhaontas comhpháirtithe lena ndéantar ionadaíocht leordhóthanach don éiceachóras tionscail lena mbaineann; • Teicneolaíochtaí digiteacha agus príomhtheicneolaíochtaí cumasúcháin, lena n-áirítear scileanna intleachta saorga: a mhéid a thugtar aghaidh leis an togra ar na scileanna sin sa dearadh tionscadail le haghaidh próifíl ghairmiúil amháin, nó le haghaidh roinnt próifílí gairmiúla gaolmhara; • Scileanna glasa: leis an togra, scileanna atá nasctha leis an aistriú chuig geilleagar níos ciorclaí agus níos glaise, lánpháirtítear iad san inneachar oiliúna le haghaidh próifíl ghairmiúil amháin, nó roinnt próifílí gairmiúla gaolmhara. Comhlántacht i gcomparáid le gníomhaíochtaí eile agus leis an nuálaíocht – breisluach Eorpach • Nuálaíocht: cuirtear modhanna agus teicnící úrscothacha san áireamh sa togra, agus beidh mar thoradh air torthaí agus réitigh nuálacha; • Breisluach Eorpach: léirítear go soiléir leis an togra an breisluach a ghintear trína thrasnáisiúntacht; • Ionadaíocht oideachais agus oiliúna: áirítear sa Chomhaontas comhpháirtithe lena ndéantar ionadaíocht leordhóthanach do sholáthraithe oideachais agus oiliúna.
--	---

Cáilíocht dhearadh agus chur chun feidhme an tionscadail (scór uasta 30 pointe)	Coincheap agus modheolaíocht • Comhleanúnachas: Cuirtear i láthair sa togra tacar comhleanúnach cuimsitheach gníomhaíochtaí iomchuí, nithiúla agus praiticiúla chun freastal ar na riachtanais shainaitheanta agus chun na torthaí a bhfuil coinne leo a bhaint amach; • Struchtúr: tá an clár oibre soiléir agus intuigthe, agus cumhdaítear leis gach céim (ullmhú, cur chun feidhme, saothrú, monatóireacht, meastóireacht agus scaipeadh); • Modheolaíocht: baintear leas sa togra as ionstraimí agus as uirlisí ón Aontas a bhaineann le scileanna agus gairmeacha aon uair is ábhartha, amhail EQF, ESCO, Europass, EQAVET, ESG. Bainistíocht tionscadail, dearbhú cáilíochta agus straitéis monatóireachta agus meastóireachta • Bainistíocht: déantar foráil maidir le socruithe bainistíochta láidre. Sainítear amlínte, eagrú, cúraimí agus freagrachtaí go soiléir agus tá siad réalaióch. Leithdháiltear acmhainní iomchuí do gach gníomhaíocht sa togra; • Plean oibre: cáilíocht and éifeachtacht an phlean oibre, lena n-áirítear a mhéid atá na hacmhainní atá sannta do phacáistí oibre i gcomhréir lena gcuaspóirí agus lena dtáirgí insóláthartha; • Cáilíocht na socruithe chun cáilíochtaí a aithint agus a bhailíochtú: i gcomhréir le huirlisí agus prionsabail trédhearcachta agus aitheantais Eorpacha. Cost-éifeachtacht agus bainistíocht airgeadais • Buiséad: déantar foráil sa bhuiséad maidir le hacmhainní iomchuí a bhfuil gá leo chun go n-éireodh leis an tionscadal, ní dhéantar rómheastachán air agus tá sé comhréireach le raon feidhme an togra; le togra le haghaidh éiceachóras tionscail ina bhfuil Comhaontas Treoirphlean ar bun cheana, meastar go gcuirfear buiséad isteach lena léirítear go soiléir go gcoiscfear maoiniú dubailte, ós rud é go gcomhlánóidh sé agus go dtógfaidh sé ar an obair a rinneadh cheana leis an Treoirphlean leanúnach; • Rialú airgeadais agus cáilíochta: le bearta rialaithe (meastóireacht leanúnach ar cháilíocht, piarmheasúnuithe saineolacha, gníomhaíochtaí tagarmharcála, srl.) agus táscairí cáilíochta áirithítear go gcuirtear an tionscadal chun cinn ar bhealach ardcháilíochta agus costéifeachtúil. Sainaithnítear dúshlán/rioscaí an tionscadail go soiléir agus téitear i ngleic le bearta maolaithe go hiomchuí. Beartaítear próisis athbhreithnithe shaineolaigh mar chuid lárnach den tionscadal. Áirítear i gclár oibre an Chomhaontais measúnú seachtrach neamhspleách ar cháilíocht i lár téarma agus deireadh an tionscadail.
---	--

Cáilíocht na comhpháirtíochta agus na socruithe comhair (scór uasta 25 phointe)	Socrú cuibhreannais • Cumraíocht: cuimsítear sa chomhpháirtíocht comhpháirtithe comhpháirtíochtaí scileanna ar scála mór faoin gComhshocrú um Scileanna; tugtar le chéile ann meascán iomchuí eagraíochtaí ábhartha, lena n-áirítear gairmoideachas agus gairmoiliúint, ardoideachas agus fiontair, lena n-áirítear FB Manna ag a bhfuil na próifílí, na scileanna, an taithí, an saineolas agus an tacaíocht bhainistíochta is gá a éilítear le haghaidh chur chun feidhme rathúil an tionscadail. Léirítear sa chomhpháirtíocht a mholtar san iarratas saineolas agus ionadaíochas maidir leis an gcomhpháirtíocht scileanna ábhartha ar scála mór faoin gComhaontú. Tá rannpháirtíocht comhpháirtithe sóisialta Eorpacha agus/nó comhpháirtithe sóisialta náisiúnta sna tíortha a chumhdaítear leis an gComhaontas an-ábhartha. Ba cheart do raon geografach agus d'ionadaíochas comhpháirtithe ábhartha i mBallstáit den Aontas Eorpach agus i réigiúin atá rannpháirteach sa Chomhaontas a bheith de chineál go mbeidh inniúlacht ard cur chun feidhme ag an gComhaontas sna tíortha agus sna réigiúin a chumhdaítear (mar shampla trí rannpháirtíocht eagraíochta earnála Eorpaí agus/nó comhpháirtithe sóisialta Eorpacha); • Gealltanais: tá an rannchuidiú ó na comhpháirtithe suntasach, ábhartha agus comhlántach; is léir agus is iomchuí dáileadh na bhfreagrachtaí agus na gcúraimí, agus léirítear leis gealltanais agus rannchuidiú gníomhach na n-eagraíochtaí rannpháirteacha uile i ndáil lena saineolas agus lena n-inniúlacht shonrach; Bainistíocht chuibhreannais agus cinnteoireacht • Cúraimí: léiríonn an comhordaitheoir bainistíocht agus comhordú ardcháilíochta ar líonraí trasnáisiúnta agus ar an gceannaireacht i dtimpeallacht chasta. Leithdháiltear cúraimí aonair ar bhonn fhios gnó sonrach gach rannpháirtí; • Comhar/Spiorad foirne: beartaítear sásra éifeachtach chun comhordú, cinnteoireacht agus cumarsáid mhaith a áirithiú idir na heagraíochtaí rannpháirteacha, na rannpháirtithe agus aon gheallsealbhóir ábhartha eile; • Luach saothair: soláthraítear breisluach soiléir agus tairbhí soiléire leis an gComhaontas don chomhpháirtíocht scileanna ábhartha ar scála mór.
---	---

Tionchar (scór uasta 20 pointe)	Tionchar agus uaillmhian • Saothrú: léirítear leis an togra conas a dhéanfar torthaí an Chomhaontais a rolladh amach i gcomhréir le cuspóirí agus gealltanais na comhpháirtíochta scileanna ábhartha ar scála mór faoin gComhshocrú um Scileanna; • Tionchar: léirítear leis an togra ábharthacht agus for-rochtain shochaíoch agus eacnamaíoch. Áirítear leis tionchar ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus Eorpach ar na spriocghrúpaí agus na geallsealbhóirí ábhartha a bhfuil ról nach beag acu san éiceachóras lena mbaineann lena n-áirítear san oideachas agus san oiliúint, amhail iad sin a chuaigh i bpáirt leis an gComhshocrú um Scileanna. Cuimsítear leis bearta chomh maith le spriocanna agus táscairí chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn agus chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar measta (sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma). Cumarsáid, scaipeadh agus infheictheacht • Scaipeadh: tá plan soiléir sa togra maidir le scaipeadh na dtorthaí, agus áirítear ann gníomhaíochtaí iomchuí agus a n-uainiú, a n-uirlisí agus a gcainéil lena áirithiú go ndéanfar na torthaí agus na tairbhí a scaipeadh go héifeachtach i measc geallsealbhóirí. Inbhuanaitheacht agus leanúnachas • Rochtain oscailte: más ábhartha, tugtar tuairisc sa togra ar an gcaoi a ndéanfar na hábhair, na doiciméid agus na meáin a tháirgfear a chur ar fáil gan srian agus a chur chun cinn trí cheadúnais oscailte agus i bhformáid sonraí nasctha saor-rochtana, agus nach bhfuil teorainneacha díréireacha ann; • Inbhuanaitheacht: mínítear sa togra conas a fhorbrófar an plan gníomhaíochta le haghaidh rolladh amach ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach. Áirítear sa togra bearta iomchuí agus sainaithint acmhainní airgeadais (Eorpacha, náisiúnta agus príobháideacha) lena áirithiú go mbeidh na torthaí agus na tairbhí a bhainfidh an Comhaontas amach inbhuanaithe tar éis shaolré an tionscadail.
---	--

Le haghaidh Bheart 2, ní fhéadfar ach togra amháin a mhaoiniú in aghaidh an éiceachórais.

Le bheith incháilithe le haghaidh cistiú, ní mór do thograí ar a laghad **70 pointe**, a ghnóthú agus an scór pas íosta is gá le haghaidh gach ceann de na ceithre chritéar dámhachtana á chur san áireamh freisin: uasmhéid 13 phointe le haghaidh na catagóire a bhaineann le hábharthacht an tionscadail; 16 phointe le haghaidh cháilíocht dheardh agus chur chun feidhme an tionscadail, 13 phointe le haghaidh cháilíocht na comhpháirtíochta agus na socruithe comhair agus 11 phointe le haghaidh tionchair.

CAD IAD NA RIALACHA CISTIÚCHÁIN ATÁ ANN?

Leanann an ghníomhaíocht seo samhail cistiúcháin cnapshuime. Cinnfear méid na ranníocaíochta cnapshuime aonair le haghaidh gach deontais bunaithe ar bhuiséad measta na gníomhaíochta atá beartaithe ag an iarratasóir. Socróidh an t-údarás deonúcháin cnapshuim gach deontais bunaithe ar an togra, ar an toradh meastóireachta, ar na rátaí cistiúcháin agus ar uasmhéid an deontais atá socraithe sa ghla.

Is mar a leanas **an deontas uasta ón Aontas** in aghaidh an tionscadail:

- **Beart 1 – Comhaontais ar son an Oideachais agus na bhFiontar**
 - **EUR 1 mhilliún** (tionscadal 2 bhliain)
 - **EUR 1.5 milliún** (tionscadal 3 bliana)

- **Beart 2 – Comhaontais um chomhar earnála maidir le scileanna (lena gcuirtear chun feidhme an ‘Treoirphlean’)::**
 - **4 mhilliún euro (tionscadal 4 bliana)** – ní féidir ach amháin togra amháin in aghaidh an éiceachórais tionscail a roghnú le haghaidh cistiú. Ar chomhcháilíocht, togra lena gcumhdaítear éiceachóras nach gcumhdaítear in aon chor le Comhaontas Treoirphlean, déanfar measúnú air mar thogra atá níos ábhartha ná togra lena gcumhdaítear cuid d’éiceachóras ina bhfuil Treoirphlean ar bun cheana.

Conas a chinntear cnapshuim an tionscadail?

Ní mór d’iarratasóirí tábla buiséid mionsonraithe a líonadh isteach de réir na foirme iarratais, agus na pointí seo a leanas á gcur san áireamh:

- a) Ba cheart an buiséad a bheith mionsonraithe mar is gá ag an tairbhí/na tairbhithe agus eagraithe i bpacáistí oibre comhleanúnacha (mar shampla roinnte i ‘bainistíocht tionscadail’, ‘oiliúint’, ‘eagrú imeachtaí’, ‘ullmhú agus cur chun feidhme na soghluaisteachta’, ‘cumarsáid agus scaipeadh’, ‘dearbhu cáilíochta’, srl.);
- b) Leis an togra ní mór tuairisc a thabhairt ar na gníomhaíochtaí a chumhdaítear le gach pacáiste oibre;
- c) Ní mór d’iarratasóirí miondealú ar na costais mheasta a sholáthar ina dtogra lena léirítear an scair in aghaidh an phacáiste oibre (agus, laistigh de gach pacáiste oibre, an scair atá sannta do gach tairbhí agus eintiteas cleamhnaithe);
- d) Sna costais ar a dtugtar tuairisc is féidir costais ball foirne, costais taistil agus chothaithe, costais trealaimh agus fochonraitheoireachta mar aon le costais eile (amhail scaipeadh faisnéise, foilsiú, aistriú) a chumhdach.

Déanfar meastóireacht ar thograí de réir na nósanna imeachta meastóireachta caighdeánacha le cuidiú ó shaineolaithe inmheánacha agus/nó seachtracha. Déanfaidh na saineolaithe measúnú ar cháilíocht na dtograí de réir na gceanglas a shainítear sa ghlaio agus thionchar, cháilíocht agus éifeachtúlacht mheasta na gníomhaíochta. Beidh an cnapshuim teoranta do 80 % ar a mhéad den bhuiséad measta a chinntear tar éis na meastóireachta

I ndiaidh na meastóireachta ar an togra, cinntfidh an t-oifigeach údarúcháin méid na cnapshuime, agus torthaí an mheasúnúcháin a rinneadh á gcur san áireamh.

Socrófar paraiméadair an deontais (uasmhéid deontais, ráta cistiúcháin, costais incháilithe iomlána, srl.) sa chomhaontú deontais. Ní cheadaítear tacaíocht airgeadais do thríú páirtithe. Cheadaítear costais oibrithe deonacha. Féach Cuid C den Treoir Cláir seo, an roinn ‘Costais dhíreacha incháilithe’.

Déanfar meastóireacht ar éachtaí an tionscadail de réir na dtorthaí a chuirtear i gcrích. Leis an scéim cistiúcháin, d’fhéadfaí díriú ar na haschuir seachas ar na hionchuir, rud a chuirfeadh béim ar cháilíocht agus leibhéal gnóthachtála cuspóirí intomhaiste.

Tugtar tuairisc ar níos mó mionsonraí i samhail an chomhaontaithe deontais atá le fáil ar an Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana (TDCT).

TIONSCADAIL RÉAMHBHREATHNAITHEACHA

Cuspóir na gníomhaíochta

Tar éis na paindéime a bhí ann le déanaí, **tá gá níos mó ná riamh leis an nuálaíocht inár gcórais oideachais agus oiliúna, chomh maith le réimse na hóige**. Tá nuálaíocht sa teagasc agus san fhoghlaím ríthábhachtach, ar leibhéal an duine aonair agus ar leibhéal institiúide freisin. Ní hamháin gur cheart do na cuir chuige nuálacha seo na scileanna iomchuí a thabhairt d'oibrithe an lae inniu agus amárach le haghaidh margaí saothair a dtagann athrú orthu go tapa, ach ba cheart dóibh freisin an chruthaitheacht agus na scileanna a thabhairt do lucht saothair an lae inniu agus amárach chun dul i ngleic leis na dúshláin shochaíocha atá ag éirí níos casta agus atá le sárú againn ar fad amhail an t-athrú aeráide, cosaint na bithéagsúlachta, fuinneamh glan, sláinte phoiblí, digitíú agus uathoibriú, intleacht shaorga, róbataic agus anailís ar shonraí.

Is é is aidhm don ghníomhaíocht seo **an nuálaíocht, an chruthaitheacht agus an rannpháirtíocht** a chothú, chomh maith leis an bhfiontraíocht shóisialta i réimsí éagsúla den oideachas agus den oiliúint, laistigh d'earnálacha nó ar fud earnálacha agus disciplíní.

Tionscadail ar scála mór is ea iad **Tionscadail Réamhbhreathnaitheacha** a bhfuil sé d'aidhm acu **cuir chuige nuálacha (bheartais) a shainaithint, a fhorbairt, a thástáil, agus measúnú a dhéanamh orthu**, cinn a bhféadfaí iad a phríomhshruthú, rud a chuirfeadh feabhas ar chórais oideachais agus oiliúna. Beidh siad ina dtaca le smaointe réamhbhreathnaitheacha a fhreagraíonn do **phríomhthosaíochtaí Eorpacha** agus a bhféadfaí iad a phríomhshruthú agus lena dtugtar ionchur chun córais oideachais, oiliúna agus óige a fheabhsú agus beidh éifeacht nuálach shubstantiúil acu chomh maith leis sin ó thaobh modhanna agus cleachtas de maidir le gach cineál foghlama agus suíomhanna rannpháirtíochta gníomhaí le haghaidh chomhtháthú sóisialta na hEorpa.

Is é an cuspóir atá ann tacú le tionscadail chomhair thrasnáisiúnta lena gcuirtear chun feidhme tacar comhleanúnach cuimsitheach de **ghníomhaíochtaí earnála nó trasearnála** lena ndéantar ceachtar díobh seo a leanas:

- an nuálaíocht a chothú** i dtéarmaí raon feidhme, modhanna ceannródaíocha agus cleachtais cheannródaíocha, agus/nó
- aistriú nuálaíochta** (ar fud tíortha, earnálacha beartais nó spriocghrúpaí) a áirithiú, rud a áiríteoidh ar leibhéal na hEorpa saothrú inbhuanaithe torthaí tionscadal nuálacha agus/nó inaistritheacht chuig comhthéacsanna agus spriocphobail éagsúla.

Ba cheart do na comhpháirtíochtaí a bheith comhdhéanta de mheascán d'eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha lena gcuimsítear taighdeoirí, cleachtóirí agus comhpháirtithe a bhfuil d'acmhainn acu dul i bhfeidhm ar an lucht ceaptha beartas.

Ba cheart, dá bhrí sin, do chomhpháirtíocht mheasctha d'eagraíochtaí Tionscadail Réamhbhreathnaitheacha a chur chun feidhme:

- eagraíochtaí atá bunaithe ar bharr feabhais agus eolas úrscothach,
- eagraíochtaí a bhfuil sé de chumas orthu a bheith ag nuáil,
- eagraíochtaí atá in ann tionchar córasach a ghiniúint trína gcuid gníomhaíochtaí agus an cumas an clár oibre beartais a bhrú ar aghaidh i réimsí an oideachais agus na hoiliúna.

Beidh mar aidhm ag tionscadail a dtacófar leo tionchar sistémach a bhaint amach ar leibhéal na hEorpa ach an inniúlacht a bheith acu feidhm a bhaint as a dtorthaí nuálacha ar scála Eorpach agus/nó a bheith ábalta iad a aistriú go comhthéacsanna éagsúla téamacha nó geografacha.

Beart 1: An t-oideachas digiteach (trasearnálach)

Is féidir le tionscadail faoi Bheart 1 dul i ngleic le hearnálacha oideachais éagsúla nó is féidir leo earnálacha éagsúla oideachais a nascadh agus ní mór dóibh tacú le **hoideachas digiteach cuimsitheach ardcháilíochta**, i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach.

Ba cheart do thograí faoin mBeart seo dul i ngleic le **ceann amháin** de na trí thosaíocht seo a leanas:

- Tosaíocht 1:** Teicneolaíocht an oideachais (EdTech): méadú ar réitigh atá bunaithe ar an Aontas trí chomhar agus trí dhearbhu cáilíochta;

- **Tosaíocht 2:** Cuir chuige éifeachtacha oideolaíocha maidir le faisnéisíocht ag leibhéal na bunscoile agus na meánscoile;
- **Tosaíocht 3:** Oiliúint múinteoirí agus forbairt curaclaim maidir le dul i ngleic le bréagaisnéis agus litearthacht dhigiteach a chur chun cinn.

Tugtar tuilleadh mionsonraí ar na tosaíochtaí sin faoin roinn ‘Tionscadal a bhunú’ thíos.

Beart 2: Gairmoideachas agus Gairmoiliúint (VET)

Tugann tionscadail faoi Bheart 2 aghaidh ar an earnáil ghairmoideachais agus ghairmoiliúna. Tacaíonn na tionscadail sin le cur chun feidhme phrionsabail agus chuspóirí **Plean Gníomhaíochta Chólún Eorpach na gCeart Sóisialta**²⁶⁴, an **Chláir Oibre Eorpaigh do Scileanna**²⁶⁵, an **Mholta ón gComhairle maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint** le haghaidh iomaíochas inbhuanaithe, cothroime shóisialta agus athléimneacht²⁶⁶ agus **Dearbhú Osnabrück** maidir le gairmoideachais agus gairmoiliúna²⁶⁷ mar chumasóir téarnaimh agus aistrithe córa chuig geilleagar digiteach agus geilleagar glas²⁶⁸.

Ní mór do thograí a chuirtear isteach faoi Bheart 2 aghaidh a thabhairt ar cheann amháin den dá thosaíocht seo a leanas a shonraítear faoi ‘Tionscadal a bhunú’:

- **Tosaíocht 4:** Micridhintiúir le haghaidh infhostaitheachta;
- **Tosaíocht 5:** Feabhas a chur ar mheallacht an Ghairmoideachais agus na Gairmoiliúna (VET) trí chomhpháirtíochtaí agus líonraí soláthraithe VET.

Beart 3: An fhoghlaím aosach

Tugann tionscadail faoi Bheart 3 aghaidh ar réimse beartais na foghlama aosá. Tacaíonn na tionscadail sin le cur chun feidhme phrionsabail agus chuspóirí **Plean Gníomhaíochta Chólún Eorpach na gCeart Sóisialta**²⁶⁹, an **Chláir Oibre Eorpaigh do Scileanna**²⁷⁰, agus an **Mholta ón gComhairle maidir le Conairí Uas-scilithe**²⁷¹. Deiseanna Nua do Dhaoine Fásta.

Ní mór do thograí a chuirtear isteach faoi Bheart 3 aghaidh a thabhairt ar cheann amháin den dá thosaíocht seo a leanas a shonraítear faoi ‘Tionscadal a bhunú’:

- **Tosaíocht 6:** Cláir náisiúnta maidir le deiseanna oiliúna le dearbhú cáilíochta agus a bhaineann le margadh an tsaothair a fhorbairt;
- **Tosaíocht 7:** Tacú leis an gComhshocrú um Scileanna

CUSPÓIRÍ NA GNÍOMHAÍOCHTA

Is iad seo a leanas na cuspóirí ginearálta:

- Tionscnaimh nuálacha lena mbaineann tionchar láidir ar athchóirithe oideachais agus oiliúna, i **réimsí beartais straitéiseacha** sonracha;
- Rannchuidiú le **neartú inniúlacht nuálaíochta na hEorpa** trí chur leis an nuálaíocht san oideachas agus san oiliúint;

²⁶⁴ https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/economy-works-people/jobs-growth-and-investment/european-pillar-social-rights/european-pillar-social-rights-action-plan_en

²⁶⁵ <https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1223&langId=en>

²⁶⁶ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32020H1202%2801%29>

²⁶⁷ https://www.cedefop.europa.eu/files/osnabrueck_declaration_eu2020.pdf

²⁶⁸ <https://op.europa.eu/webpub/empl/VET-skills-for-today-and-future/en>

²⁶⁹ https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/economy-works-people/jobs-growth-and-investment/european-pillar-social-rights/european-pillar-social-rights-action-plan_en

²⁷⁰ <https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1223&langId=en>

²⁷¹ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=CELEX%3A32016H1224%2801%29>

- **Athrú córasach a chruthú** tríd an nuálaíocht a chothú ar leibhéal cleachtais agus ar leibhéal beartais araon;
- **Tacú le smaointe réamhbhreathnaitheacha** ina ndírítear ar eochairthopaicí agus ar eochairthosaíochtaí ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, a bhfuil acmhainneacht shoiléir acu go bhféadfaí iad a phríomhshruthú in aon earnáil amháin nó níos mó;
- Mar mhodhanna ceannróaíocha agus mar chleachtais cheannróaíocha oideachais agus/nó aistriú nuálaíochta: **saothrú inbhuanaithe** torthaí tionscadal nuálacha agus/nó **inaistritheacht** chuig comhthéacsanna agus spriocphobail éagsúla a áirithiú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

Ar na **cuspoirí sonracha** sin, tá:

- Cuir chuige nuálacha a **shainnithint, a fhorbairt, a thástáil agus/nó a mheasúnú** a bhféadfaí iad a phríomhshruthú chun feabhas a chur ar chórais oideachais agus oiliúna agus chun feabhas a chur ar éifeachtacht beartas agus cleachtas i réimse an oideachais agus na hoiliúna;
- **Gníomhaíochtaí píolótacha a sheoladh** chun réitigh ar dhúshláin atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo a thástáil d'fhonn tionchar inbhuanaithe sistéamach a spreagadh;
- **Tacú le comhar trasnáisiúnta agus foghlaim fhrithpháirteach** maidir le saincheisteanna réamhbhreathnaitheacha i measc na bpríomhgeallsealbhóirí agus iad a chumhachtú chun réitigh nuálacha a fhorbairt agus aistriú na réiteach sin a chur chun cinn i suíomhanna nua, fothú acmhainneachta geallsealbhóirí ábhartha san áireamh.

Ba cheart do gníomhaíochtaí faoi Thionscadail Réamhbhreathnaitheacha rannchuidiú leis na nithe seo a leanas:

- Feabhas a chur ar cháilíocht, éifeachtúlacht, tarraingteacht agus cothromas na gcórais oideachais agus oiliúna;
- Feabhas a chur ar éifeachtacht na mbeartas i réimsí an oideachais agus na hoiliúna;
- Tacú le cur chun feidhme Chreataí agus thionscnaimh dlí an Aontais chomh maith le moltaí tírshonracha ón Seimeastar Eorpach;
- Fianaise agus tuiscint fheabhsaithe ar spriocghrúpa(i), cásanna foghlama agus teagaisc agus modheolaíochtaí agus uirlisí éifeachtacha lenar féidir an nuálaíocht a spreagadh agus a ghríosú ar leibhéal an chórais;
- Eolas a fhorbairt chun tacú le beartas bunaithe ar fhianaise;
- Athraithe iompraíochta a spreagadh ar leibhéal an Aontais.

D'fhéadfaí na príomhghníomhaíochtaí a leanas a bheith ann faoi na Tosaíochtaí sin (liosta neamhchuimsitheach):

- Taighde gníomhaíochta, obair mhapála, lena dtáirgtear aschuir earnála nó thrasearnála ar mhórskála;
- Gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta trasnáisiúnta amhail oiliúint, an anailís ar chomhthéacsanna beartais, taighde ar bheartas, coigeartuithe institiúideacha;
- Gníomhaíochtaí píolótacha chun réitigh nuálacha a thástáil;
- Imeachtaí trasnáisiúnta nó gníomhaíochtaí líonraithe ar mhórskála, cibé acu earnála nó trasearnála;
- Gníomhaíochtaí saothraithe chun torthaí a scaipeadh ar an bpobal nó ar an earnáil oideachais;
- Gníomhaíochtaí meithle machnaimh, taighde agus turgnaimh a dhéanamh le smaointe nuálacha.

Éilítear ar Tionscadail Réamhbhreathnaitheacha ionstraimí agus uirlisí ar fud an Aontais a chur i bhfeidhm aon uair is ábhartha.

Ba cheart a chuimsiú i dTionscadail Réamhbhreathnaitheacha dearadh plean gníomhaíochta fhadtearmaigh (tar éis fhad an tionscadail arna mhaoiniú ag Erasmus+) le haghaidh ghlacadh agus phríomhshruthú forchéimnitheach na nuálaíochtaí arna bhforbairt le bheith in ann dul i bhfeidhm ar chórais oideachais agus oiliúna, i gcomhar leis na húdaráis agus na hinstiúidí ábhartha. Ba cheart dóibh infheictheacht iomchuí agus scaipeadh forleathan na hoibre a áirithiú freisin, ar leibhéal polaitiúil an Aontais agus ar leibhéal polaitiúil náisiúnta freisin.

Ba cheart do Thionscadail Réamhbhreathnaitheacha léiriú a thabhairt freisin ar an gcaoi a bhféadfaidh deiseanna maoiniúcháin eile ón Aontas (mar shampla, Cistí Struchtúracha Eorpacha, Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, an Ciste um Aistriú Cóir), agus maoiniú náisiúnta agus réigiúnach (mar aon le maoiniú príobháideach) tacú le cur chun feidhme an tionscadail. D'fhéadfaidís straitéisí náisiúnta

agus réigiúnacha speisialaithe chliste agus forbairtí in Éiceachórais Thionsclaíocha na hEorpa a chur san áireamh ann.

NA CRITÉIR ATÁ LE COMHLÍONADH CHUN IARRATAS A DHÉANAMH AR THIONSCADAIL RÉAMHBHREATHNAITHEACHA

CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Chun bheith incháilithe le haghaidh dheontas Erasmus+, ní mór do thograí tionscadail le haghaidh Tionscadail Réamhbhreathnaitheacha na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí (comhordaitheoir agus comhpháirtithe iomlána): - a bheith ina n-eagraíochtaí poiblí nó príobháideacha nó eintitis phoiblí nó phríobháideacha atá gníomhach i réimse an oideachais agus na hoiliúna nó i saol na hoibre; - a bheith ina n-iarratasóirí atá bunaithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár (maidir le tíortha a bhfuil caibidlíocht reatha ar bun acu le haghaidh comhaontú comhlachais agus i gcás ina mbeidh feidhm ag an gcomhaontú sula síneofaí an deontas, tá siad incháilithe). Eisceacht: I gcás Bheart 3 'Tosaíocht 7 Tacú leis an gComhshocrú um Scileanna', ní féidir ach leis na heagraíochtaí comhordúcháin de chomhpháirtíochtaí an Chomhshocraithe um Scileanna a bheith ina gcomhordaitheoirí, agus ní féidir ach le heagraíochtaí atá rannpháirteach i gcomhpháirtíochtaí an Chomhshocraithe um Scileanna cheana féin tráth an sprioc- ama chun iarratais a chur isteach a bheith ina gcomhpháirtithe iomlána. Ní mór Cairt Ardoideachais Erasmus (ECHE) bhailí a bheith ag institiúidí ardoideachais atá bunaithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Is féidir le heagraíochtaí ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a bheith rannpháirteach mar chomhpháirtithe comhlachaithe (ach ní féidir leo a bheith ina gcomhordaitheoirí ná ina gcomhpháirtithe iomlána).
--	---

Comhdhéanamh cuibhreannais	Le haghaidh Bheart 1 Ní mór a chuimsiú leis an gcuibhreannas trí iarratasóir ar a laghad (comhordaitheoir agus comhpháirtithe iomlána) ó thrí cinn ar a laghad de Bhallstáit den Aontas nó tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Ní chuirtear eintitis chleamhnaithe san áireamh sna critéir íosta incháilitheachta le haghaidh chomhdhéanamh an chuibhreannais. Ní mór a chuimsiú leis an gcuibhreannas ar a laghad údarás poiblí amháin ar leibhéal náisiúnta nó réigiúnach (mar shampla Aireachtaí Nuálaíochta, Oideachais, Saothair nó Geilleagair, údaráis cáilíochta nó dearbhaithe cáilíochta, srl.), ó Bhallstát den Aontas nó tír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár, mar iarratasóir (comhordaitheoir nó comhpháirtí iomlán). Faoi Thosaíocht 1 (EdTech), ní mór don chuibhreannas ar a laghad cuideachta EdTech amháin a chuimsiú ó Bhallstát den Aontas nó tír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár, mar iarratasóir (comhordaitheoir nó comhpháirtí iomlán). Le haghaidh Bheart 2: Ní mór a chuimsiú leis an gcuibhreannas sé iarratasóir ar a laghad (comhordaitheoir agus comhpháirtithe iomlána) ó thrí cinn ar a laghad de Bhallstáit den Aontas nó tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Ní chuirtear eintitis chleamhnaithe san áireamh sna critéir íosta incháilitheachta le haghaidh chomhdhéanamh an chuibhreannais. I gcás trí thír incháilithe ar a laghad, ní mór don chuibhreannas an méid a leanas a chuimsiú, in aghaidh na tíre: a) fiontar nó eagraíocht amháin ar a laghad atá ionadaíoch do thionscal nó d'earnáil, agus b) soláthraí gairmoideachais agus gairmoiliúna, nó eagraíocht ionadaíoch, amháin ar a laghad (ar an meánleibhéal agus/nó ar an leibhéal treasach). Le haghaidh Bheart 3: Faoi Thosaíocht 6, ní mór a chuimsiú leis an gcuibhreannas trí iarratasóir ar a laghad (comhordaitheoir agus comhpháirtithe iomlána) ar a laghad ó thrí cinn ar a laghad de Bhallstáit ón Aontas nó tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Ní chuirtear eintitis chleamhnaithe san áireamh sna critéir íosta incháilitheachta le haghaidh chomhdhéanamh an chuibhreannais. Ní mór a chuimsiú leis freisin eintitis phoiblí nó phríobháideacha atá i gceannas ar, nó a bhfuil leibhéal ard freagrachta acu as (nó a bhfuil tionchar acu ar), eagrú agus/nó maoiniú agus/nó soláthar seirbhísí oideachais do dhaoine fásta (mar shampla, measúnú scileanna, bailíochtú inniúlachtaí, oideachas agus oiliúint, ionduchtú agus treoraíocht), mar iarratasóirí nó mar chomhpháirtithe comhlachaithe. Faoi Thosaíocht 7, ní mór a chuimsiú leis an gcuibhreannas comhpháirtithe chomhpháirtíochtaí an Chomhshocraithe um Scileanna atá ann cheana amháin mar iarratasóirí (comhordaitheoir agus comhpháirtithe iomlána) ar a laghad ó thrí cinn ar a laghad de Bhallstáit an Aontais nó ó thíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Ní chuirtear eintitis chleamhnaithe san áireamh sna critéir íosta incháilitheachta le haghaidh chomhdhéanamh an chuibhreannais.
--	--

Ionad na ngníomhaíochtaí	Ní mór na gníomhaíochtaí seo a dhéanamh i mBallstáit an Aontais nó i dtíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár.
Fad an tionscadail	Le haghaidh Bheart 1 ba cheart do thionscadail maireachtáil ar feadh idir 24 agus 48 mí de ghnáth (is féidir síneadh a chur leo, má tá údar cuí leis agus trí bhíthin leasaithe). Le haghaidh Bheart 2 ba cheart do thionscadail maireachtáil ar feadh 36 mhí de ghnáth (is féidir síneadh a chur leo, má tá údar cuí leis agus trí bhíthin leasaithe). Le haghaidh Bheart 3 ba cheart do thionscadail maireachtáil ar feadh 24 mhí de ghnáth (is féidir síneadh a chur leo, má tá údar cuí leis agus trí bhíthin leasaithe). Ní mór an fad a roghnú ag céim an iarratais, bunaithe ar chuspóir an tionscadail, ar an gcineál gníomhaíochtaí atá beartaithe le himeacht ama, ar an mbuiséad agus ar na huailmhianta a leagadh síos le haghaidh an tionscadail.
Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh?	Faoi bhráid na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr (EACEA). Uimhir aitheantais an Ghlaobheart1: ERASMUS-EDU-2023-PI-FORWARD-LOT1 Uimhir aitheantais an Ghlaobheart2: ERASMUS-EDU-2023-PI-FORWARD-LOT2 Uimhir aitheantais an Ghlaobheart3: ERASMUS-EDU-2023-PI-FORWARD-LOT3
Cathain is féidir iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí a n-iarratas ar dheontas a chur isteach faoin 15 Márta ar 17:00 (am na Bruiséile)

Déanfar measúnú ar eagraíochtaí is iarratasóirí de réir na gcritéar eisiaimh agus roghnúcháin ábhartha. Chun breis faisnéise a fháil féach Cuid C den Treoir seo.

TIONSCADAL A BHUNÚ

Ní mór do Thionscadail Réamhbhreathnaitheacha na comhthéacsanna polasaí trasnaí seo a leanas a chur san áireamh i gcónaí:

1. **Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.**
2. **Comhaontú Glas an Choimisiúin Eorpaigh²⁷², Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe²⁷³ agus Dearbhú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide²⁷⁴;**
3. **An Clár Oibre Eorpach do Scileanna²⁷⁵;**
4. **An Moladh ón gComhairle maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht²⁷⁶**
5. **An Moladh ón gComhairle maidir le micridhintiúir²⁷⁷**
6. **An Moladh ón gComhairle maidir le cuntais foghlama aonair²⁷⁸**
7. **An Rún ón gComhairle maidir le clár oibre Eorpach nua don fhoghlaím aosach 2021- 2030²⁷⁹**
8. **An Moladh ón gComhairle maidir le Conairí Uas- scilithe: Deiseanna Nua do Dhaoine Fásta²⁸⁰.**
9. **Claochlú Digiteach inár gcórais oideachais agus oiliúna, agus san óige freisin, mar a chuimsítear sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach den Choimisiún Eorpach 2021- 2027²⁸¹;**

BEART 1: AN T- OIDEACHAS DIGITEACH (TRASEARNÁLACH)

Ní mór do thograí a chuirtear isteach faoi Bheart 1 **tacú le hoideachas digiteach cuimsitheach ardcháilíochta**, i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021- 2027.

Tá claochlú digiteach domhain á dhéanamh faoi láthair ar chórais oideachais agus oiliúna, atá á thiomáint ag dul chun cinn sa nascacht; úsáid fhorleathan gaireas agus feidhmchlár digiteach; an gá atá le solúbthacht aonair; infhaighteacht níos leithne agus an gá atá le hábhar oideachais dhigitigh ardchaighdeán agus an t-éileamh atá ag méadú i gcónaí ar scileanna digiteacha. Chuir paindéim COVID- 19, a raibh tionchar mór aici ar oideachas agus ar oiliúint, dlús leis an athrú agus chuir sí eispéiris agus dearchtaí líonmhara nua foghlama ar fáil.

Leagann an **Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021- 2027** síos polasaí an Aontais maidir leis an gclaochlú digiteach san oideachas agus san oiliúint thar an gcéad chlárthréimhse eile. Is glao chun gníomhaíochta é le haghaidh comhar níos láidre ar an leibhéal Eorpach chun foghlaim ó ghéarchéim COVID- 19 agus chun córais oideachais agus oiliúna a dhéanamh oiriúnach don ré dhigiteach. Foráiltear sa Phlean Gníomhaíochta 14 ghníomhaíocht faoi 2 thosaíocht straitéiseacha, is iad sin:

- Tacú le forbairt **éiceachórais oideachais dhigitigh** ardfheidhmíochta (1)
- Aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le **hinniúlachtaí digiteacha don chlaochlú digiteach** a fheabhsú (2)

Ghlac an Coimisiún an Plean Gníomhaíochta mar phríomháisitheoir don Limistéar Eorpach Oideachais, agus cuireadh tús lena chur chun feidhme in Eanáir 2021.

²⁷² https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/european-green-deal-communication_en.pdf

²⁷³ <https://www.un.org/sustainabledevelopment/sustainable-development-goals/>

²⁷⁴ https://ec.europa.eu/clima/policies/international/negotiations/paris_en

²⁷⁵ <https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catid=1223&langid=en>

²⁷⁶ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/en/txt/?uri=celex%3A32020h1202%2801%29>

²⁷⁷ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32022H0627%2802%29&qid=1656349729862>

²⁷⁸ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32022H0627%2803%29&qid=1656361055059>

²⁷⁹ <https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-14485-2021-INIT/en/pdf>

²⁸⁰ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=CELEX%3A32016H1224%2801%29>

²⁸¹ https://ec.europa.eu/education/education-in-the-eu/digital-education-action-plan_ga

Le cúpla mí anuas, agus é ag glacadh leis an gcuireadh ón gComhairle agus tar éis Aitheasc 2021 ar Staid an Aontais Eorpaigh ó Uachtarán an Choimisiúin von der Leyen, sheol an Coimisiún Idirphlé Struchtúrtha leis na Ballstáit maidir le hoideachas agus scileanna digiteacha. Is é is aidhm don Idirphlé tacú leis na Ballstáit agus a gcórais oideachais agus oiliúna a gclaochlú acu go digiteach ar chur chuige comhtháite, comhleanúnach agus níos uailmhianaí, ag tabhairt earnálacha éagsúla rialtais, chomh maith leis an earnáil phríobháideach (mar shampla, cuideachtaí EdTech), comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta le chéile. Tríd an Idirphlé Struchtúrtha, cuirfidh an Coimisiún agus na Ballstáit diagnóis chomhroinnte chun tosaigh ar an gcás agus ar na dearcthaí ar an leibhéal náisiúnta; ceachtanna a foghlaimíodh agus na chéad chéimeanna eile is gá le haghaidh tuilleadh gníomhaíochta ar oideachas digiteach a shainaithint. Tabharfar an tIdirphlé chun críche ag deireadh 2022 agus cuirfidh sé le gníomhaíochtaí amach anseo ar leibhéal an Aontais Eorpaigh maidir le hoideachas agus scileanna digiteacha, ina measc dhá thogra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le tosca cumasúcháin don oideachas digiteach agus maidir le soláthar scileanna digiteacha a fheabhsú san oideachas agus san oiliúint.

Sa chomhthéacs sin, is gá a chinntiú go bhfuil na modheolaíochtaí agus na deiseanna oiliúna oiriúnacha do mhúinteoirí i bhfeidhm chun forbairt éifeachtach scileanna agus inniúlachtaí digiteacha a chinntiú trí oideachas agus trí oiliúint. Féadfar a chuimsiú leo sin soláthar faisnéisíochta mar mheán chun úsáid ghníomhach teicneolaíochtaí ag aois óg a chur chun cinn agus forbairt scileanna agus inniúlachtaí chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna práinneacha sochaíocha, amhail dul i ngleic le bréagaisnéis agus cur chun cinn na litearthachta digití.

Anuas ar an méid a leagtar amach thuas, is é is aidhm don Phlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach tacú le comhar níos éifeachtaí maidir le hoideachas agus le hoiliúint dhigiteach ar leibhéal an Aontais Eorpaigh ach Mol Eorpach maidir leis an Oideachas Digiteach a bhunú. Cuirfidh an Mol comhar trasearnálach chun cinn, sainaitheoidh agus roinnfidh sé dea-chleachtais agus tacóidh sé leis na Ballstáit agus leis an earnáil oideachais agus oiliúna le huirliisí, creataí, treoraíocht, saineolas teicniúil agus le taighde i réimse an oideachais dhigitigh. Ba cheart don Mhol tionscnaimh agus gníomhaithe oideachais dhigitigh náisiúnta agus réigiúnacha a nascadh agus tacú le samhlacha nua maidir le hábhar oideachais dhigitigh a mhalartú, ag tabhairt aghaidh ar shaincheistanna amhail caighdeán chomhchoiteanna, idir-inoibritheacht, inrochtaineacht agus dearbhú cáilíochta. Ar aon dul le cuspóirí an Mhoil, tá sé tábhachtach freisin tacú le gach gníomhaí san éiceachóras oideachais dhigitigh chun dul i gcomhar lena chéile go héifeachtach agus go háirithe chun an comhar idir údaráis phoiblí/institiúidí oideachais agus oiliúna agus earnálacha atá ag forbairt go tapa a éascú, amhail an Teicneolaíocht Oideachais Eorpach (EdTech).

Tabharfar aghaidh ar **cheann amháin** de na trí thosaíocht seo a leanas sna Tionscadail Réamhbhreathnaitheacha:

Tosaíocht 1: Teicneolaíocht an oideachais (EdTech): méadú ar réitigh atá bunaithe ar an Aontas trí chomhar agus trí dhearbhu cáilíochta

Is príomhfhoinsí nuálaíochta san oideachas digiteach í earnáil na teicneolaíochta oideachais Eorpaí (EdTech) agus tá sí ag fás go tapa. Mar sin féin, tá fadhbanna móra fós inti, agus is minic nach mbíonn an taithí agus na hinniúlachtaí inti chun dul i gcomhar le hinstitiúidí oideachais agus oiliúna agus le húdaráis phoiblí go héifeachtach ar bhealach inbhuanaithe.

Cuimseoidh tionscadail réamhbhreathnaitheacha sa réimse tosaíochta seo eagraíochtaí EdTech atá bunaithe san Aontas ach comhar a chothú idir an tionscal agus údaráis phoiblí, ag cur le forbairt éiceachórais oideachais dhigitigh Eorpaigh ardfheidhmíochta.

Ba cheart do thionscadail faoin tosaíocht seo aghaidh a thabhairt ar an dá ní seo a leanas:

- creat dearbhaithe cáilíochta atá bunaithe ar fhianaise a fhorbairt le haghaidh teicneolaíocht oideachais, i gcomhar le hAireachtaí Oideachais, ag tagairt do na torthaí foghlama a bhaintear amach ach réitigh theicneolaíocht an oideachais a chomhtháthú sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú.
- comhar trasearnálach a chur chun cinn idir soláthraithe teicneolaíochta oideachais, institiúidí oideachais agus oiliúna, agus údaráis phoiblí chun aghaidh a thabhairt ar rochtain éifeachtúil agus chothrom ar ábhar oideachais dhigitigh ardchaighdeán.

Tosaíocht 2: Cuir chuige éifeachtacha oideolaíocha maidir le faisnéisíocht ag leibhéal na bunscoile agus na meánscoile

Is disciplín sách nua san oideachas scoile í an fhaisnéisíocht²⁸² i gcónaí. Cé go bhfuil traidisiún seanbhunaithe ag roinnt tíortha Eorpacha maidir lena theagasc, níor thug tíortha eile an t-ábhar seo isteach ach le déanaí, go háirithe sa bhunoideachas agus san mheánoideachas íochtarach. Mar thoradh ar phróisis athchóirithe le déanaí tháinig athruithe ar churaclaim scoile agus bhí treocht ghinearálta ann chun an fhaisnéisíocht a fheabhsú i scoileanna san Aontas. Mar sin féin, léiríonn an fhianaise atá ann cheana go bhfuil an méid eolais agus taighde atá forbartha sa teagasc sa mheánoideachas íochtarach agus sa bhunoideachas sách teoranta, cé go bhfuil taithí ar mhúineadh na faisnéisíochta san oideachas treasach agus, go pointe áirithe, sa mheánoideachas uachtarach.

Ach tacú le cuir chuige oideolaíocha éifeachtacha a fhorbairt ar an bhfaisnéisíocht agus ar an measúnú gaolmhar, is féidir cuidiú le múinteoirí a ullmhú ar bhealach níos fearr chun saineolas a fhorbairt agus a roinnt ar an mbealach is fearr leis an ábhar a chomhtháthú thar leibhéil éagsúla an oideachais scoile – agus ar an gcaoi sin úsáid ghníomhach agus shábháilte na teicneolaíochta digití a chur chun cinn níos fearr i measc daoine óga.

Ba cheart do thionscadail faoin tosaíocht seo aghaidh a thabhairt ar an dá ní seo a leanas:

- cuir chuige oideolaíocha éifeachtacha agus nuálacha a fhorbairt agus a thástáil atá ábhartha agus a bhfuil dul chun cinn soiléir ann idir na leibhéil éagsúla oideachais agus go háirithe a bhfuil béim ann ar an mbunleibhéal agus an dara leibhéal.
- tionscnaimh oiliúna múinteoirí atá dírithe ar infhaighteacht múinteoirí (ginearálta agus speisialaithe) a mhéadú a bhfuil an t-ullmhúchán agus an cháilíocht oiriúnach acu chun an disciplín a mhúineadh.

Tosaíocht 3: Oiliúint múinteoirí agus forbairt curaclaim maidir le dul i ngleic le bréagaisnéis agus litearthacht dhigiteach a chur chun cinn

Mar chuid den Phlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021-2027, sheol an Coimisiún Eorpach treoirlínte comhchoiteanna do mhúinteoirí agus d'oideoirí chun an litearthacht dhigiteach a chothú agus chun dul i ngleic leis an mbréagaisnéis tríd an oideachas agus an oiliúint²⁸³. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh iarrachtaí ar an leibhéal sistéamach chun a chinntiú go soláthraíonn córais oideachais agus oiliúna na scileanna agus na hinniúlachtaí go héifeachtach do dhaoine óga chun dul i ngleic leis na saincheisteanna práinneacha sin agus go dtugtar tacaíocht do mhúinteoirí agus d'oideoirí ina n-oiliúint agus ina bhforbairt ghairmiúil leanúnach sa réimse.

Chuige sin, rannchuideodh tionscadail réamhbhreathnaitheacha maidir le hoiliúint múinteoirí agus forbairt curaclaim chun litearthacht dhigiteach a chur chun cinn agus chun dul i ngleic le bréagaisnéis le tacú le córais oideachais agus oiliúna agus go háirithe le foghlaimeoirí agus le múinteoirí agus le hoideoirí aghaidh a thabhairt ar dhúshlán nua agus ar dhúshlán atá ag teacht chun cinn sa seomra ranga atá nasctha go dlúth leis an timpeallacht dhinimiciúil ar líne ar bhealach éifeachtach agus struchtúrtha.

- Ba cheart aghaidh a thabhairt ar an dá ní seo a leanas i dtionscadail faoin tosaíocht seo: Oiliúint tosaigh múinteoirí agus forbairt ghairmiúil leanúnach, i réimse na litearthachta digití agus an dul i ngleic le bréagaisnéis i dtéarmaí ábhair agus modheolaíochta araon, ach i dtéarmaí roghnú sistéamach freisin;
- Taighde agus malartú cur chuige éifeachtach agus inscálaithe agus curaclaim á bhforbairt i réimse na litearthachta digití agus an dul i ngleic le bréagaisnéis.

BEART 2: GAIRMOIDEACHAS AGUS GAIRMOILIÚINT (VET)

Ní mór do thograí a chuirtear isteach faoi Bheart 2 aghaidh a thabhairt ar cheann amháin den dá thosaíocht seo a leanas:

²⁸² Is í an fhaisnéisíocht an disciplín atá mar bhonn taca faoi na hinniúlachtaí is gá chun an domhan digiteach a thuiscint.

²⁸³ <https://education.ec.europa.eu/focus-topics/digital-education/action-plan/action-7>

Tosaíocht 4 – Micridhintiúir le haghaidh infhostaitheachta

Is éard is ‘micridhintiúir’ ann taifead (mar shampla, gradam nó deimhniú) ar na torthaí foghlama atá sealbhaithe ag foghlaimeoir tar éis méid beag foghlama. Tá fás easpóntúil tagtha ar mhicridhintiúir agus daoine á roghnú agus oibrithe agus cuardaitheoirí poist ag iarraidh uasoiliúint agus athsciliú a dhéanamh i gcomhréir le héilimh shíorathraitheacha mhargaidh an tsaothair, tionchar an aistrithe dhigitigh agus ghlais agus an téarnamh ó COVID-19. Tá féidearthacht ollmhór sna micridhintiúir chun tacú le foghlaim ar feadh an tsaoil agus le foirmeacha foghlama atá níos cuimsithí trí fhoghlaim níos solúbtha agus trí dheiseanna foghlama ábhartha. Ghníomhaigh an Coimisiún trína thogra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le cur chuige Eorpach i leith micridhintiúir le haghaidh na foghlama ar feadh an tsaoil agus na hinfhostaitheachta chun sainmhíniú, formáid chaighdeánach a bhunú chun cur síos a dhéanamh ar mhicridhintiúir agus prionsabail a bhunú maidir le micridhintiúir a dhearadh agus a eisiúint.

Tá na gnéithe seo fíor-riachtanach chun cáilíocht, muinín agus roghnú na micridhintiúir a chinntiú agus chun a gcumas iomlán mar mhodh foghlama a chumasú. Chun cumas na micridhintiúir a fhorbairt tuilleadh, ba cheart díriú ar cheann amháin nó ar mheascán de na réimsí seo a leanas sna tionscadail:

- **Micridhintiúir le haghaidh mhargadh an tsaothair atá níos cuimsithí:** conas is féidir micridhintiúir a úsáid laistigh d’éiceachórais scileanna, beartais ghníomhacha maidir le margadh an tsaothair (is é sin, seirbhísí fostaíochta, tacaíocht oiliúna agus dreasachtaí fostaíochta) chun tacú le hinfhostaitheacht agus le cuimsiú do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, mar shampla, daoine óga, faighteoirí ioncaim íosta, daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, daoine atá faoi mhíchumas agus daoine gan mórán cáilíochtaí i margaí an tsaothair san Aontas.
- **Micridhintiúir le haghaidh an aistrithe ghlais:** conas is féidir micridhintiúir a dhearadh, a sheachadadh agus a thabhairt cothrom le dáta chun na scileanna is gá a thabhairt do dhaoine le haghaidh an aistrithe ghlais bunaithe ar úsáid faisnéis scileanna ó mhargadh an tsaothair agus ar ionchur ó fhostóirí, ó thionscal agus ó chomhpháirtithe sóisialta.
- **Iniomparthacht na micridhintiúir:** conas is féidir linn an úsáid is fearr a bhaint as digitiú, as caighdeán oscailte agus as seirbhísí fiordheimhnithe, mar shampla, Dintiúir Dhigiteacha Eorpacha don Fhoghlaim (cuid de Europass), chun iniomparthacht micridhintiúir a chumasú idir tíortha, fhostóirí, oideachas agus oiliúint agus córais fostaíochta.

Tosaíocht 5: Feabhas a chur ar mheallacht an Ghairmoideachais agus na Gairmoiliúna (VET) trí chomhpháirtíochtaí agus líonraí soláthraithe VET

Ar fud an Aontais, is iondúil go mbíonn céimithe a tháinig amach as cláir VET le déanaí (san oideachas meánscoile uachtaraí agus iar-mheánscoile) i bhfad níos infhostaithe ná céimithe a tháinig amach as an oideachais ginearálta le déanaí. Ina theannta sin, tá ról tábhachtach ag VET in oideachas meánscoile uachtaraí na hEorpa toisc go bhfuil thart ar leath (48.4 %) de na foghlaimeoirí uile atá cláraithe san oideachas meánscoile uachtaraí cláraithe i gcláir VET.

Mar sin féin, tá go leor claontachtaí fós le sárú ag VET i dtíortha áirithe agus bíonn íomhá dhiúltach iontu ina leith; agus dá bhrí sin tá gá le hathrú meoin i measc daoine óga, tuismitheoirí, cuideachtaí agus foghlaimeoirí fásta, ag an mbunleibhéal – áit arb ann do VET, i ndlúthchomhar le líonraí soláthraithe VET.

Chomh maith leis sin, dhéanfaidh méadú ar an bhfeasacht faoin tábhacht a bhaineann le leanúint le VET tairbhe don iomaíochas i measc cuideachtaí agus oibrithe.

Cuid den fhís atá sa Mholadh ón gComhairle maidir le VET is ea breathnú ar VET mar rogha tharraingteach: ‘I bhfianaise an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus na ndúshlán déimeagrafach atá ann, is gá an tairiscint do ghairmoideachas agus do ghairmoiliúint a leathnú agus a fheabhsú go suntasach do dhaoine óga agus do dhaoine fásta araon, agus ag an am céanna tarraingteacht agus cáilíocht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a mhéadú’.

Ní mór beart a dhéanamh chun na dúshláin sin a shárú, mar shampla, ach inniúlachtaí a mhéadú ar an mbunleibhéal chun tarraingteacht agus sármhaitheas VET a neartú agus beartas, tionscnaimh agus cláir VET na hEorpa a thabhairt níos gaire don chleachtas.

Ní mór an tsraith gníomhaíochtaí a luaitear thíos ar a laghad a chur chun feidhme sna tionscadail (féadfadh gníomhaíochtaí breise a chur leo):

- **Líonraí agus comhpháirtíochtaí nua soláthraithe VET a chruthú agus/nó cinn atá ann cheana a fheabhsú** ar an leibhéal earnálach, réigiúnach, náisiúnta, nó Eorpach, go háirithe le haghaidh tíortha a bhfuil socruithe ionadaíochta teoranta acu i measc soláthraithe VET, chun for-rochtain éifeachtach don phobal VET a chinntiú chun críche tarraingteacht agus sármhaitheas VET a neartú ar bhealaí nuálacha; d'fhéadfaí a chuimsiú leis sin an fhéidearthacht Pobail Cleachtais (lena n-áirítear cinn fhíorúla) a chruthú agus cur le Pobail Cleachtais atá ann cheana chun tacú le tarraingteacht agus le sármhaitheas an gairmoideachais agus na gairmoiliúna.
- **Feachtais chumarsáide** náisiúnta agus/nó thrasnáisiúnta a eagrú chun na tairbhí agus na deiseanna gairme a chuireann cáilíochtaí tosaigh VET ar fáil do dhaoine óga chomh maith le deiseanna uas-scilithe agus athscilithe do dhaoine fásta a chur i láthair;
- **Imeachtaí agus/nó tionscnaimh líonraithe a eagrú** ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó Eorpach chun for-rochtain leathan do spriocghrúpaí éagsúla a chinntiú, agus meascán de mhodhanna cumarsáide nuálacha ar líne agus traidisiúnta á úsáid; beidh leibhéal láidir nuálaíochta i gceist leo sin²⁸⁴;
- **Comhar le gníomhaithe eacnamaíocha agus sóisialta a neartú**, mar shampla, údaráis phoiblí, comhpháirtithe sóisialta agus fostóirí chun gníomhaíochtaí a spreagadh chun tarraingteacht agus sármhaitheas an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a mhéadú agus é mar aidhm freisin timpeallachtaí oibre a spreagann an fhoghlaim a chothú. Déanfar gach iarracht i dtionscadail údaráis phoiblí náisiúnta nó réigiúnacha a chuimsiú sa tionscadal a mhéid is féidir;
- **Teistiméireachtaí a roghnú, ambasadóirí a ainmniú, agus/nó gradaim a bhunú le haghaidh barr feabhais** i réimsí éagsúla (le haghaidh foghlaiméoirí, múinteoirí agus oiliúnóirí VET, soláthraithe nuálacha, cuideachtaí, printiseachtaí VET, srl.) chun feidhmiú mar shamplaí spreagúla agus inspioráideacha chun tarraingteacht agus sármhaitheas a mhéadú i ngradaim VET agus d'fhéadfadh tionscnaimh eile a bheith ina dtionscnaimh náisiúnta nó thrasnáisiúnta agus d'fhéadfadh siad tógáil ar a bhfuil ann cheana i dtíortha áirithe agus iad a mhéadú agus a dhéanamh inbhuanaithe i dtíortha éagsúla.

Spreagtar tionscadail faoi Thosaíocht 5 chun dul i gcomhar leis na tionscadail eile a roghnaítear faoin tosaíocht chéanna agus chun sineirgí a chruthú i measc a gcuid gníomhaíochtaí (mar shampla, trí imeachtaí comhpháirteacha a eagrú).

BEART 3: AN FHOGHLAIM AOSACH

Ní mór do thograí a chuirtear isteach faoi Bheart 3 aghaidh a thabhairt ar an tosaíocht seo a leanas:

Tosaíocht 6: Cláir náisiúnta maidir le deiseanna oiliúna le dearbhú cáilíochta agus a bhaineann le margadh an tsaothair a fhorbairt

I measc na gcúiseanna a chuireann srian le rannpháirtíocht san foghlaim aosach, tuairiscíonn foghlaiméoirí ionchasacha faisnéis éiginnte faoi dheiseanna. Is deacair dul i ngleic leis an réimse leathan deiseanna oiliúna aosacha i mórán Ballstát, agus is minic a bhíonn éiginnteacht ann do bhreathnóirí an bhfuil cáilíocht mhaith ag baint le deis ar leith agus an mbeidh luach léi ina dhiaidh sin ar mhargadh an tsaothair. Laghdaíonn sé sin an spreagadh do dhaoine fásta chun deiseanna den sórt sin a chuardach agus a thapú. I gcás comhlachtaí maoinithe ionchasacha, cibé acu an

²⁸⁴ D'fhéadfaí a chuimsiú leo, mar shampla, féilte haiceála le haghaidh foghlaiméoirí VET agus soláthraithe VET, nó imeachtaí a chuireann timpeallachtaí tarraingteacha nuálacha chun cinn, mar shampla, tríd an réaltacht fhíorúil. Ba cheart faisnéis choincréiteach maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint a scaipeadh i bhfeachtais agus in imeachtaí sna tíortha lena mbaineann, ag díriú ar thuismitheoirí, foghlaiméoirí, múinteoirí, oiliúnóirí agus ar fhóistóirí, mar shampla, i ndáil leis na nithe seo a leanas: 1) infhostaitheacht a chumhdach bunaithe ar rianú céimithe VET agus ar réamhaíocht agus ar réamhaisnéis scileanna; 2) cur leis an dul i ngleic le steiréitíopaí inscne sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint; 3) deiseanna tréscailteachta a chur chun cinn idir an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint agus an t-ardoidreachas/an t-ard-ghairmoideachas agus an ard-ghairmoiliúint

údaráis phoiblí nó fostóirí iad, laghdaíonn sé a dtoilteanas a gcuid infheistíochta san fhorbairt scileanna a mhéadú. Baineadh leas as cláir náisiúnta maidir le deiseanna oiliúna le dearbhú cáilíochta agus a bhaineann le margadh an tsaothair mar uirlis nuálach chun dul i ngleic leis na dúshláin sin i roinnt Ballstát, a bhaineann go minic le tacaíocht airgeadais le haghaidh daoine aonair chun na deiseanna sna clárlanna sin a thapú, agus uaireanta cuimsítear leis sin faisnéis maidir le treoraíocht agus deiseanna bailíochtaithe. Chomh maith leis sin, chuideodh faisnéis ardcháilíochta maidir le soláthar deiseanna treoraíochta agus bailíochtaithe lena dtairbhíthe ionchasacha iad a chur i bhfeidhm agus an rogha is fearr a dhéanamh.

Sainithneofar i dtionscadail modhanna agus sásraí chun cuidiú lena chinntiú go sroichfidh cláir den sórt sin, a luaithé a bheidh siad ag feidhmiú, líon suntasach úsáideoirí toisc go ndéanann siad na nithe seo a leanas:

- Cuireann siad feabhas ar an gcumarsáid idir an ‘domhan oideachais agus oiliúna’ agus an ‘saol oibre’ (mar shampla, baineann siad le faisnéis scileanna, le comhpháirtithe sóisialta, le soláthraithe oideachais agus oiliúna agus le geallsealbhóirí eile a bhíonn ábhartha maidir lena rialú);
- Baineann siad cothromaíocht mhaith amach idir cáilíocht a chinntiú agus tairiscint éagsúil deiseanna a sholáthar a fhreagraíonn do riachtanais mhargadh an tsaothair;
- Comhcheanglaíonn siad simplíocht ó thaobh an úsáideora de le solúbthacht iomchuí ag an ‘cúl’/ag baint leis na deiseanna atá san áireamh (mar shampla, an fhéidearthacht ‘bealaí iomadúla’ chun dul isteach sa chlár, idirdhealú réigiúnach na ndeiseanna atá san áireamh, srl.); agus
- Tionscnaíonn siad infheistíochtaí breise le haghaidh oiliúna (mar shampla, trí bheith ina dtagairt iontaofa le haghaidh scéimeanna poiblí a sholáthraíonn tacaíocht airgeadais don oiliúint, nó margáil chomhchoiteann nó ar an leibhéal cuideachta maidir le teidlíochtaí oiliúna).
- Tá siad idir-inoibritheach le cláir náisiúnta eile agus leis an Ardán Europass a bhuí leis an úsáid a bhaineann siad as caighdeáin (scéim sonraí) na Samhla Foghlama Eorpaí.

Tosaíocht 7: Tacú leis an gComhshocrú um Scileanna

Is é an Comhshocrú um Scileanna an chéad bheart suaitheanta de Chlár Oibre Nua Scileanna don Eoraip 2020. Tá an Comhshocrú fréamhaithe go daingean i bprionsabail Chólún Eorpach na gCeart Sóisialta agus tacaíonn sé le spriocanna an Chomhshocraithe Ghlais agus an chlaohlaithe dhigitigh, mar a leagtar amach sa teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal ‘Eoraip Shóisialta láidir le haghaidh Aistrithe Córa’. Rannchuidíonn sé freisin le sprioc an Aontais a bhaint amach go mbeidh 60 % de dhaoine fásta i mbun oiliúna gach bliain faoi 2030, mar a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta um Chólún Eorpach na gCeart Sóisialta.

Is samhail rannpháirteachais nua é an Comhshocrú um Scileanna chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin scileanna agus chun an téarnamh eacnamaíoch, an Straitéis Eorpach maidir le Tionsclaíocht, agus na haistrithe glasa agus digiteacha a chur i gcrích. Is é is aidhm dó aghaidh níos mó a thabhairt ar bhearnaí scileanna ar fud éiceachórais thionsclaíocha trí chuideachtaí, oibrithe, údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí tionscail, soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna, comhlachais tráchtála agus seirbhísí fostaíochta a shlógadh chun infheistiú i ngníomhartha uas-scilithe agus athscilithe. Ach dul i bpáirt le chéile agus gealltanais nithiúla a thabhairt chun infheistíocht a dhéanamh san oiliúint le haghaidh daoine in aois oibre, tá comhpháirtíochtaí scileanna faoin gComhaontú ag cuidiú le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin scileanna an lae inniu.

Dá bhrí sin, níor cheart ach comhpháirtithe de chuid chomhpháirtíochtaí an Chomhshocraithe um Scileanna atá ann cheana a chuimsiú i dtionscadail faoin tosaíocht seo.

Cuirfear **na gníomhaíochtaí uile** a liostaítear thíos chun feidhme i dtionscadail:

- Struchtúir nó socruithe rialachais a fhorbairt a nascann comhaltaí laistigh den chomhpháirtíocht chéanna de chuid an Chomhshocraithe um Scileanna, agus tacú leo;
- Comhar cuideachtaí móra le FBManna a fhorbairt agus tacú leis, in éineacht le comhar i measc FBManna ar comhaltaí den chomhpháirtíocht chéanna de chuid an Chomhshocraithe um Scileanna iad i réimse na hoiliúna;
- Tacú le sainiú, le cur chun feidhme agus le monatóireacht na ngealltanais coincreíteach a thug agus a thabharfaidh an chomhpháirtíocht de chuid an Chomhshocraithe um Scileanna, amhail:
 - faisnéis scileanna a bhailiú,
 - daoine ag a bhfuil scileanna ísle a uas-sciliú,

- daoine a athsciliú le haghaidh cúraimí nua ina gcuid post, daoine ó earnálacha eile a athsciliú le scileanna inaistrithe chuig a n-earnáil féin, agus aidhm ar leith ann dídeanaithe ón Úcráin a chomhtháthú i margadh an tsaothair.

TIONCHAR MEASTA

Tá sé i gceist le Tionscadail Réamhbhreathnaitheacha réitigh nuálacha a chur ar fáil ar féidir iad a phríomhshruthú ar leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach agus b'fhearr go bhféadfaí forbairt bhreise a dhéanamh orthu le maoiniú ón Aontas nó tríd an tacaíocht náisiúnta agus réigiúnach.

Ba cheart do na cleachtais ón mbun aníos dul i ngleic i gceart leis na tosaíochtaí socraithe a leagtar amach chun acmhainn nuálaíochta na hEorpa a neartú, dul i bhfeidhm go láidir ar athchóirithe oideachais agus oiliúna agus athrú sistéamach a thionscnamh.

Trí scaipeadh forleathan na dtorthaí tionscadail ar leibhéal trasnáisiúnta, náisiúnta agus/nó réigiúnach, agus trí straitéisí náisiúnta, Éiceachórais Thionsclaíocha na hEorpa agus réigiúnacha um speisialtóireacht chliste a chur san áireamh, meastar go mbeidh tionchar catairseach ag Tionscadail Réamhbhreathnaitheacha ar leibhéal an chórais chun cabhrú le córais oideachais agus oiliúna freastal níos fearr ar dhúshláin i ndomhan atá ag athrú go tapa.

CRITÉIR DHÁMHACHTANA

Ábharthacht an tionscadail (30 pointe ar a mhéad)	• Nasc chuig beartas agus tionscnaimh ón Aontas: bunaítear agus forbraítear leis an togra tionscadal lena dtacaítear le smaoineamh réamhbhreathnaitheach ar leibhéal an Aontais, ina gcuirtear san áireamh agus ina gcothaítear uirlisí agus tionscnaimh de chuid an Aontais atá ann cheana (más ábhartha). Tacaíonn an togra freisin le cur chun feidhme beartas de chuid an Aontais (mar shampla, an Clár Oibre Eorpach do Scileanna), Creataí de chuid an Aontais agus tionscnamh de chuid an Aontais amhail moltaí tírshonracha ón Seimeastar Eorpach; • Cuspóir: tá an togra ábhartha do chuspóir na Gníomhaíochta, agus do chuspóirí ginearálta agus sonracha na Gníomhaíochta (féach an roinn 'Cuspóirí na gníomhaíochta' thuas); • Raon feidhme: leis an togra, tugtar aghaidh ar cheann de thosaíochtaí na Gníomhaíochta (féach an roinn 'Tionscadal a chur ar bun' thuas). Ag brath ar an tosaíocht ar a dtugtar aghaidh: – Beart 1: Oideachas digiteach (trasearnálach) – Ag tacú le hoideachas digiteach cuimsitheach ardcáilíochta: a mhéid a phleanáiltear agus a lánpháirtítear go comhsheasmhach, leis an togra, gníomhaíochtaí, taighde agus imeachtaí a rannchuidíonn go soiléir le cuspóirí an Bhirt, go háirithe faoi chuspóirí sonracha na dtosaíochtaí ar a ndírítear i ngach togra. – Tosaíocht 4 – Micridhintiúir le haghaidh infhostaitheachta: a mhéid a chinntítear leis an togra go n-úsáidtear le micridhintiúir na córais náisiúnta atá ann cheana agus uirlisí agus seirbhísí an Aontais nó go n-iniúchtar leo oiriúnú na nithe sin le haghaidh: (1) scileanna agus cáilíochtaí (creataí cáilíochtaí náisiúnta, córais chreidmheasa, Europass, mar shampla, dintiúir Dhigiteacha Eorpacha don Fhoghlaim, uirlisí dearbhaithe cáilíochta, srl.) agus (2) infhostaitheacht (córais oiliúna, cuntais foghlama aonair, Seirbhísí Fostaíochta Poiblí, rannpháirtíocht le Comhpháirtithe Sóisialta, srl.); – Tosaíocht 5 – tarraingteacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna: a mhéid a bhunaítear nó a neartaítear leis an togra líonraí agus comhlachais soláthraithe VET, chun rannchuidiú ar bhealaí nuálacha agus nithiúla le tarraingteacht agus sármhaitheas a mhéadú sa ghairmoideachais agus sa ghairmoiliúint, agus chun teagmháil a dhéanamh le soláthraithe VET i dtíortha a bhfuil socrúithe ionadaíochta teoranta acu i measc soláthraithe VET. – Tosaíocht 6 – Cláir náisiúnta deiseanna oiliúna: a mhéid a shamlaítear leis an togra
---	--

	comhar agus malartú maidir le conas cláir éifeachtacha deiseanna oiliúna le dearbhú cáilíochta agus a bhaineann le margadh an tsaothair a bhunú nó a fheabhsú, ar féidir leo feidhmiú mar thagairt iontaofa le haghaidh scéimeanna poiblí nó príobháideacha a sholáthraíonn tacaíocht airgeadais don oiliúint agus a mhéid a chomhlíontar leo scéim sonraí na Samhla Foghlama Eorpaí; – Tosaíocht 7 – Tacú leis an gComhshocrú um Scileanna: a mhéid a shamhlaítear leis an togra gníomhaíochtaí a neartóidh comhar i measc comhpháirtithe agus mar thoradh air sin, beidh faisnéis scileanna níos fearr agus uas-sciliú agus athsciliú éifeachtach oibrithe ann. • Nuálaíocht: cuirtear modhanna agus teicnící úrscothacha san áireamh sa togra, agus beidh mar thoradh air torthaí agus réitigh nuálacha a d'fhéadfaí a phríomhshruthú in aon earnáil eacnamaíoch nó oideachasúil amháin nó níos mó; • Comhsheasmhacht: tá na cuspóirí bunaithe ar anailís iontaofa ar riachtanais; sainítear iad go soiléir, tá siad réalaíoch, agus tugtar aghaidh leo ar shaincheisteannta atá ábhartha maidir leis na heagraíochtaí rannpháirteacha agus leis an nGníomhaíocht; • Breisluch Eorpach: léirítear go soiléir leis an togra an breisluch ar leibhéal sistéamach an Aontais a ghintear trína thras- náisiúntacht agus a inaistritheacht ionchais; • Socrú iarphaindéime: a mhéid a lánpháirtítear leis an togra bearta lena gcothaítear beartais agus cleachtais nua ar leibhéal sistéamach d'fhonn dul i ngleic le dúshlán nua mar thoradh ar an bpaindéim le deireanaí.
Cáilíocht dhearadh agus chur chun feidhme an tionscadail (30 pointe ar a mhéad)	• Comhleanúnachas: cinntítear leis an deardh foriomlán tionscadail comhsheasmhacht idir cuspóirí an tionscadail, modheolaíochtaí, gníomhaíochtaí, fad agus an buiséad atá beartaithe. Cuirtear i láthair sa togra tacar comhleanúnach cuimsitheach gníomhaíochtaí iomchuí chun freastal ar na riachtanais shainaitheanta agus chun na torthaí a bhfuil súil leo a bhaint amach; • Struchtúr: tá an clár oibre soiléir agus iomlán (cuimsítear leis céimeanna tionscadail iomchuí: ullmhú, cur chun feidhme, monatóireacht, meastóireacht, scaipeadh agus saothrú). Cuimsítear leis anailís <i>ex ante</i> agus <i>ex post</i> (an dá cheann laistigh d'fhad an tionscadail) ar an nuálaíocht san oideachas a tugadh isteach; • Modheolaíocht: cáilíocht agus indéantacht na modheolaíochta atá beartaithe agus a iomchuí atá sé chun na torthaí a bhfuil coinne leo a fháil, ag baint úsáid as ionstraimí an Aontais aon uair is ábhartha don tionscadal; • Bainistíocht: déantar foráil maidir le socruithe bainistíochta láidre. Sainítear amlínte, eagrú, cúraimí agus freagrachtaí go soiléir agus tá siad réalaíoch. Leithdháiltear acmhainní iomchuí do gach gníomhaíocht sa togra; • Feabhas a chur ar cháilíocht agus ar éifeachtacht: leabaítear go soiléir sa togra a nuálaíocht i ngníomhaíochtaí agus i dtorthaí lena gcuirtear feabhas ar cháilíocht, éifeachtacht agus cothromas córas oideachais agus oiliúna; • Buiséad: déantar foráil sa bhuiséad maidir le hacmhainní iomchuí a bhfuil gá leo chun go n-éireodh leis an tionscadal, ní dhéantar rómheastachán ar an mbuiséad ná ní mheastar faoina luach é; • Rialú airgeadais agus cáilíochta: le bearta rialaithe (meastóireacht leanúnach ar cháilíocht agus oiliúint, piarmheasúnuithe, gníomhaíochtaí tagarmharcála, srl.) agus táscairí cáilíochta áiríthítear go gcuirtear an tionscadal chun cinn ar bhealach ardcháilíochta agus costéifeachtúil. Sainithnítear dúshlán/rioscaí an tionscadail go soiléir agus téitear i ngleic le bearta maolaithe go hionchuí. Beartaítear próisis athbhreithnithe shaineolaigh mar chuid lárnach den tionscadal. Cuimsítear leis an gclár oibre measúnú seachtrach neamhspleách ar cháilíocht sa lárthearma agus roinnt míonna roimh dheireadh an tionscadail chun go bhféadfaí coigeartuithe a dhéanamh ar an tionscadal.

**Cáilíocht na
comhpháirtíochta agus
na socruithe comhair
(20 pointe ar a mhéad)**

- **Cumraíocht:** tá comhdhéanamh na comhpháirtíochta i gcomhréir le cuspóirí na gníomhaíochta agus an tionscadail. Tugtar le chéile ann meascán iomchuí eagraíochtaí ábhartha ag a bhfuil na próifílí, scileanna, taithí, saineolas agus tacaíocht bhainistíochta is gá atá riachtanach le haghaidh sholáthar rathúil an tionscadail iomláin. Cuimsítear leis an togra comhpháirtithe lena ndéantar ionadaíocht oiriúnach don chur chuige earnála nó trasearnála lena mbaineann.
Cumraíocht ag brath ar an mbeart/tosaíocht ar a dtugtar aghaidh:
 - **Tosaíocht 4 – Micridhintiúir le haghaidh infhostaitheachta:** A mhéid a chuimsítear leis an gcomhpháirtíocht eagraíochtaí atá rannpháirteach go gníomhach le beartas nó le cleachtas i réimsí na foghlama ar feadh an tsaoil (agus gach leibhéal agus cineál foghlama, oideachais agus oiliúna san áireamh) agus le córais fostaíochta, agus beartaí ghníomhacha mhargadh an tsaothair san áireamh (is é sin seirbhísí fostaíochta, tacaíocht oiliúna agus dreasachtaí fostaíochta).
 - **Tosaíocht 5 – tarraingteacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna:** A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh don chomhpháirtíocht:
 - cuimsítear léi comhlachais nó líonraí Eorpacha, náisiúnta, réigiúnacha nó earnálacha soláthraithe VET;
 - cuimsítear léi údaráis phoiblí chun tionchar na ngníomhaíochtaí a chinntiú;
 - cinntítear léi clúdach maith geografach, go háirithe le haghaidh tíortha a bhfuil socruithe ionadaíochta teoranta acu i measc soláthraithe VET.
- **Gealltanais:** tá an rannchuidiú ó na comhpháirtithe suntasach, ábhartha agus comhlántach. Is léir agus is iomchuí dáileadh na bhfreagrachtaí agus na gcúraimí, agus léirítear leis gealltanais agus rannchuidiú gníomhach na n-eagraíochtaí rannpháirteacha uile i ndáil lena saineolas agus lena n-inniúlacht shonrach;
- **Cúraimí:** léiríonn an comhordaitheoir bainistíocht agus comhordú ardcháilíochta ar líonraí trasnáisiúnta agus ar an gceannaireacht i dtimpeallacht chasta. Leithdháiltear cúraimí aonair ar bhonn fhios gnó sonrach gach rannpháirtí;
- **Comhar/Spiorad foirne:** beartaítear sásra éifeachtach chun comhordú, cinnteoireacht, cumarsáid agus réiteach coinbhleachta éifeachtúil a chinntiú idir na heagraíochtaí rannpháirteacha, na rannpháirtithe agus aon gheallsealbhoir ábhartha eile;
- **Sainghné geografach agus rannpháirtíocht tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár (más infheidhme):** cuimsítear leis an gcomhpháirtíocht comhpháirtithe ábhartha ó limistéir geografacha éagsúla agus tá cúis leis an gcomhdhéanamh geografach sin. Más infheidhme, tugann rannpháirtíocht eagraíochtaí rannpháirteacha ó thríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár breisluach fíor-riachtanach do bhaint amach chuspóirí an Tionscadail Réamhbhreathnaigh.

Tionchar, scaipeadh agus inbhuanaitheacht (20 pointe ar a mhéad)	• Saothrú: léirítear leis an togra an chaoi a ndéanfar príomhshruthú ar thorthaí an tionscadail ar leibhéal an chórais in aon earnáil amháin nó níos mó. Foráiltear ann modhanna chun an saothrú a thomhas laistigh de shaolré an tionscadail agus ina dhiaidh sin; • Scaipeadh: tá plean soiléir sa togra maidir le scaipeadh na dtorthaí, agus cuimsítear ann spriocanna agus gníomhaíochtaí cainníochtúla sainaitheanta iomchuí, uainiú ábhartha, uirlisí agus bealaí chun a chinntiú go ndéanfar na torthaí agus na tairbhí a scaipeadh go héifeachtach i measc na ngeallsealbhóirí cearta, an lucht ceaptha beartas chirt agus spreagthóirí cearta na nuálaíochta laistigh de shaolré an tionscadail agus ina dhiaidh. Léirítear freisin leis an togra na comhpháirtithe a bheidh freagrach as an scaipeadh agus léirítear an taithí ábhartha atá acu i ngníomhaíochtaí scaipthe. Cuirtear straitéisí náisiúnta agus réigiúnacha speisialaithe chliste san áireamh freisin leis an scaipeadh chun dul i bhfeidhm ar na leibhéil sin chomh mór agus is féidir; Rochtain oscailte: mar riail ghinearálta, agus laistigh de teorainneacha na gcreataí dlíthiúla náisiúnta agus Eorpacha atá ann cheana, ba cheart na torthaí a chur ar fáil mar acmhainní oscailte oideachais (OER) agus, chomh maith leis sin, ar ardáin údarás ábhartha, gairmiúil, earnála nó inniúil. Tabharfar tuairisc sa togra ar an gcaoi a ndéanfar na sonraí, na hábhair, na doiciméid agus na gníomhaíochtaí closamhairc agus meán sóisialta a tháirgfear a chur ar fáil gan srian agus a chur chun cinn trí cheadúnais oscailte, agus ní bheidh teorainneacha díréireacha ann; • Tionchar: léirítear leis an togra tionchar féideartha an tionscadail: • Ar na grúpaí agus ar an earnáil/na hearnálacha a ndírítear orthu; • Ar an lucht ceaptha beartas ar leibhéal an chórais; • Lasmuigh den lucht ceaptha beartas agus de na húdaráis a ndírítear orthu go sonrach sa tionscadal, ar spreagthóirí príobháideach nó poiblí na nuálaíochta ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus/nó Eorpach. Léirítear leis an togra an cumas a chaithfidh príomhgheallsealbhóirí eile san earnáil nó níos faide i gcéin a chur chun feidhme. Áirítear sa togra seo bearta chomh maith le spriocanna agus táscairí cainníochtúla sainaitheanta chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar measta (sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma); • Inbhuanaitheacht: mínítear sa togra an chaoi a gcuirfear an Tionscadal Réamhbhreathnaitheach chun feidhme agus a ndéanfar forbairt bhreise uirthi ar leibhéal éagsúla (áitiúil, réigiúnach, náisiúnta). Cuimsítear leis an togra dearadh plean gníomhaíochta fhadtéarmaigh le haghaidh fheidhmiú céimneach tháirgí insólathartha an tionscadail nuair a bheidh deireadh tagtha leis an tionscadal agus le haghaidh a lánpháirtithe sa phríomhshruth. Beidh an plean sin bunaithe ar chomhpháirtíochtaí leanúnacha idir lucht ceaptha beartas, soláthraithe oideachais agus oiliúna agus príomh-gheallsealbhóirí tionscail ar an leibhéal iomchuí. Ba cheart sainaitheint struchtúr rialachais iomchuí a chuimsiú ann, mar aon le pleananna le haghaidh inscálaitheachta agus inbhuanaitheacht airgeadais, cuir i gcás sainaitheint fhéideartha acmhainní airgeadais (Eorpacha, náisiúnta agus príobháideacha) chun a chinntiú go mbeidh inbhuanaitheacht fhadtéarmach ag na torthaí agus na tairbhí a bhainfear amach.
--	---

Le bheith incháilithe ar mhaoiniú, ní mór d'iarratais **70 pointe** ar a laghad a ghnóthú (as 100 pointe ar an iomlán), agus an tairseach íosta atá riachtanach le haghaidh gach ceann de na ceithre chritéar dámhachtana á cur san áireamh: uasmhéid 15 pointe le haghaidh na catagóire 'ábharthacht an tionscadail'; 15 pointe le haghaidh 'cáilíocht dhearadh agus chur chun feidhme an tionscadail', 10 pointe le haghaidh 'cáilíocht na comhpháirtíochta agus na socrúithe comhair' agus 10 pointe le haghaidh 'tionchar'.

Na tograí *ex aequo* faoin tosaíocht chéanna tabharfar tosaíocht dóibh de réir na scór a bheidh dáfa orthu le haghaidh an chritéir dámhachtana 'Ábharthacht' agus ansin 'Tionchar'.

Beidh sé d'aidhm ag an gCoiste Meastóireachta, más féidir, cumhdach cothrom tosaíochtaí a chinntiú.

CAD IAD NA RIALACHA CISTIÚCHÁIN ATÁ ANN?

Leanann an ghníomhaíocht seo samhail cistiúcháin cnapshuime. Cinnfear méid na ranníocaíochta cnapshuime aonair le haghaidh gach deontais bunaithe ar bhuiséad measta na gníomhaíochta atá beartaithe ag an iarratasóir. Socróidh an t-údarás deonúcháin cnapshuim gach deontais bunaithe ar an togra, ar an toradh meastóireachta, ar na rátaí cistiúcháin agus ar uasmhéid an deontais atá socraithe sa ghla.

Is mar a leanas **an deontas uasta ón Aontas** in aghaidh an tionscadail:

- Le haghaidh **Bheart 1** - Oideachas Digiteach (Trasearnálach): EUR 1 500 000
- Le haghaidh **Bheart 2** - Gairmoideachas agus Gairmoiliúint (VET) : EUR 900 000
- Le haghaidh **Bheart 3** - Oideachas aosach: EUR 1 000 000

Is é an **líon uasta tionscadal** atá le maoiniú:

Le haghaidh **gach birt**: níl aon teorainn uasta ar an líon tionscadal seachas na srianta buiséadacha.

Le haghaidh **Bheart 1**: tá sprioc táscach 3 thionscadal in aghaidh na tosaíochta ann.

Conas a chinntear cnapshuim an tionscadail?

Ní mór d'iarratasóirí tábla buiséid mionsonraithe a líonadh isteach de réir na foirme iarratais, agus na pointí seo a leanas á gcur san áireamh:

- a) Ba cheart an buiséad a bheith mionsonraithe mar is gá ag an tairbhí/na tairbhithe agus eagraithe i bpacáistí oibre comhleanúnacha (mar shampla roinnte i 'bainistíocht tionscadail', 'anailís', 'oiliúint', 'eagrú imeachtaí', 'cur chun feidhme na samhla', 'plean gníomhaíochta fadtéarmach', 'cumarsáid agus scaipeadh', 'dearbhu cáilíochta' srl.);
- b) Leis an togra ní mór tuairisc a thabhairt ar na gníomhaíochtaí a chumhdaítear le gach pacáiste oibre;
- c) Ní mór d'iarratasóirí miondealú ar na costais mheasta a sholáthar ina dtogra lena léirítear an scair in aghaidh an phacáiste oibre (agus, laistigh de gach pacáiste oibre, an scair atá sannta do gach tairbhí agus eintiteas cleamhnaithe);
- d) Sna costais ar a dtugtar tuairisc is féidir costais ball foirne, costais taistil agus chothaithe, costais trealaimh agus fochonraitheoireachta mar aon le costais eile (amhail scaipeadh faisnéise, foilsíú, aistriú) a chumhdach.

Déanfar meastóireacht ar thograí de réir na nósanna imeachta meastóireachta caighdeánacha le cuidiú ó shaineolaithe inmheánacha agus/nó seachtracha. Déanfaidh na saineolaithe measúnú ar cháilíocht na dtograí de réir na gceanglas a shainítear sa ghla agus thionchar, cháilíocht agus éifeachtúlacht mheasta na gníomhaíochta. Beidh an chnapshuim teoranta do 80 % ar a mhéad den bhuiséad measta a chinntear tar éis na meastóireachta.

I ndiaidh na meastóireachta ar an togra, cinnfidh an t-oifigeach údarúcháin méid na cnapshuime, agus torthaí an mheasúnúcháin a rinneadh á gcur san áireamh.

Socrófar paraiméadair an deontais (uasmhéid deontais, ráta cistiúcháin, costais incháilithe iomlána, srl.) sa chomhaontú deontais. Ní cheadaítear tacaíocht airgeadais do thríú páirtithe. Ceadaítear costais d'oibrithe deonacha agus FBManna. Féach Cuid C den Treoir Cláir seo, an roinn 'Costais dhíreacha incháilithe'.

Faoi **Bheart 2, tosaíocht 5**, ba cheart costais a bhaineann le himeacht chomhpháirteach amháin in aghaidh na bliana go táscach a chuimsiú leis an togra lena gceadófaí malartú dea-chleachtas agus comhar le tionscadail eile a roghnaítear faoin tosaíocht (suas le beirt in aghaidh an iarratais/na himeachta comhpháirtí).

Déanfar meastóireacht ar éachtaí an tionscadail de réir na dtorthaí a chuirtear i gcrích. Leis an scéim cistiúcháin, d'fhéadfaí díriú ar na haschuir seachas ar na hionchuir, rud a chuirfeadh béim ar cháilíocht agus leibhéal gnóthachtála cuspóirí intomhaiste.

Tugtar tuairisc ar níos mó mionsonraí i samhail an chomhaontaithe deontais atá le fáil ar an Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana (TDCT).

FOTHÚ ACMHAINNEACHTA SAN ARDOIDEACHAS

Tacaíonn an ghníomhaíocht Fothú Acmhainneachta san Ardoideachas (FAA) le tionscadail comhair idirnáisiúnta atá bunaithe ar chomhpháirtíochtaí iltaobhacha idir eagraíochtaí atá gníomhach i réimse an ardoideachais. Tacaíonn sí le hábharthacht, cáilíocht, nuachóiriú agus freagrúlacht an ardoideachais i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár maidir le téarnamh socheamaíoch, agus le fás agus rathúnas agus freagra a thabhairt ar threochtaí atá ann le déanaí, go háirithe domhandú eacnamaíoch ach chomh maith leis sin an meath atá ann le déanaí ar fhorbairt dhaonna, leochaileacht agus neamhionannas sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil atá ag méadú agus ag dul in olcas de bharr phaindéim COVID-19.

Tá coinne leis go gcuirfidh an ghníomhaíocht le tosaíochtaí uileghabhálacha an Choimisiúin Eorpaigh:

An Comhaontú Glas - Tá córais Ardoideachais rithabhachtach chun tacú leis an gComhaontú Glas, rud a d'fhéadfadh athrú as cuimse ar iompraíocht agus ar scileanna daoine a chumasú. Moltar do thionscadail inniúlachtaí in earnálacha inbhuanaitheachta éagsúla, scileanna, straitéisí agus modheolaíochtaí earnála glasa chomh maith le curaclaim atá dírithe ar an todhchaí agus lena bhfreastalaítear ar bhealach níos fearr ar riachtanais daoine aonair a fhorbairt. Tacaíonn Erasmus+ freisin le tástáil cleachtas nuálach chun foghlaimoirí agus soláthraithe an ardoideachais a ullmhú le bheith ina bhfiorghníomhairí don athrú.

Claochlú digiteach - Ba cheart do thionscadail tacú le forbairt agus le glacadh scileanna digiteacha chun an claochlú digiteach a dhéanamh chomh cuimsitheach agus chomh hionchuimsitheach agus is féidir. Forbairt agus cur chun feidhme straitéisí digiteacha ardoideachais a spreagadh. An t-**aistriú digiteach** a thionlacan ach digitíú a phríomhshruthú i gcórais ardoideachais agus cláir a chuimsíonn scileanna digiteacha a neartú. Cúnamh a sholáthar maidir le hoiliúint múinteoirí agus foghlaim ar líne.

Imeascadh imirceach - Ba cheart do thionscadail soghluaisteacht a chur chun cinn agus go háirithe tacú le céimeanna agus dintiúir a aithint sna réigiúin éagsúla, agus chomh maith leis sin tacú le nascacht idir-réigiúnach. Ba cheart do thionscadail tacú le himeascadh imirceach agus daoine easáitithe trí rochtain ar oideachas.

Rialachas, síocháin, slándáil agus forbairt dhaonna - is féidir le tionscadail FAA cuidiú leis an mbunchloch a leagan chun saoránacht ghníomhach a neartú agus chun saineolas sonrach a thógáil i réimsí ar nós an daonlathais, chearta an duine agus an iltaobhachais. Is féidir le tionscadail FAA cuidiú le teacht ar réitigh fhadtéarmacha ar fhadhbanna a bhaineann le rialachas lag san ardoideachas.

Fás inbhuanaithe agus poist - Tá gá le hoideachas chun scileanna a fhorbairt don saol agus don obair, cuir i gcás scileanna bunúsacha, scileanna 'boga' (mar shampla, fadhbréiteach, cumarsáid), agus Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Ealaíona agus Matamaitic (STEAM). Tacaíonn oideachas freisin le hinfhostaitheacht agus is réamhchoinníoll don fhás inbhuanaithe é.

Rannchuideoidh an ghníomhaíocht freisin leis an ngné sheachtrach de bheartais inmheánacha an Aontais i réimse an oideachais. Tacóidh sí le téarnamh eacnamaíoch domhanda glas agus inbhuanaithe rathúil sna tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, nasctha leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIInna) agus le Comhaontú Pháras.

Ní mór gníomhaíochtaí agus torthaí tionscadal FAA a bheith dírithe ar leas **na dtíortha incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár**, agus ar leas a gcóras agus a n-institiúidí ardoideachais.

CUSPÓIRÍ NA GNÍOMHAÍOCHTA

Go sonrach, déanfar na nithe seo a leanas leis an ngníomhaíocht:

- Feabhas a chur ar cháilíocht an ardoideachais i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár agus a ábharthacht do mhargadh an tsaothair agus don tsochaí a fheabhsú;
- Feabhas a chur ar leibhéal inniúlachtaí, scileanna agus acmhainneacht infhostaitheachta mac léinn in institiúidí ardoideachais sna tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár ach cláir oideachais nua agus nuálacha a fhorbairt;
- Oideachas cuimsitheach, comhionannas, cothromas, neamh-idirdhealú agus cur chun cinn inniúlachtaí sibhialta a chur chun cinn san ardoideachas sna tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár;

- Feabhas a chur ar an teagasc, na sásraí measúnaithe d'fhoireann agus do mhic léinn institiúidí ardoideachais, dearbhú cáilíochta, bainistíocht, rialachas, cuimsiú, nuálaíocht, an bonn eolais, inniúlachtaí digiteacha agus fiontraíochta, chomh maith le hidirnáisiúnú institiúidí ardoideachais sna tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár;
- Inniúlachtaí institiúidí ardoideachais, comhlachtaí atá i gceannas ar an ardoideachas agus na n-údarás inniúil i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a mhéadú chun a gcórais ardoideachais a nuachóiriú, go háirithe i dtéarmaí rialachais agus maoinithe, trí thacú le sainiú, le cur chun feidhme agus le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis athchóirithe;
- Feabhas a chur ar oiliúint múinteoirí agus ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach chun tionchar a imirt ar cháilíocht fhadtéarmach an chórais oideachais sna tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár;
- Comhar institiúidí, fothú acmhainneachta agus malartú dea-chleachtas a spreagadh;
- An comhar a chothú ar fud réigiúin éagsúla den domhan trí thionscnaimh chomhpháirtíochta.

Cinntear leis an ngníomhaíocht cothromas agus cuimsiú, neartú an chórais agus fothú acmhainneachta chomh maith le hinfhostaitheacht go trasnaí trasna na gníomhaíochta. Ní thabharfaidh idirghabhálacha aghaidh ar nuachóiriú clár teagaisc amháin a thuilleadh *per se*, ach ba cheart dóibh rialachas, bainistíocht agus neartú na n-éiceachóras eacnamaíoch agus sóisialta níos leithne san ardoideachas a chur san áireamh freisin. Spreagfar go láidir aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna réigiúnacha, ar chomhaontais agus comhghuaillíochtaí a fhorbairt, agus ar chuir chuige agus tionscnaimh nua a bheidh bunaithe ar úinéireacht tíre a réachtáil ar bhonn pólótach. Beidh tacú le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais, acmhainneacht TFC a mhéadú sna tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár agus rannpháirtíocht na mac léinn i bpróisis phleanála agus foghlama ina ngnéithe trasghearrtha den ghníomhaíocht. Cinntear comhleanúnachas, sineirgí agus comhlántacht le hidirghabhálacha ábhartha eile de chuid an Aontais Eorpaigh sa réimse.

TIONCHAR MEASTA

- Ní hamháin go n-aistroidh institiúidí ardoideachais nuachóirithe eolas ach cruthóidh siad luach eacnamaíoch agus sóisialta freisin ach a gcuid torthaí teagaisc agus taighde a aistriú chuig an bpobal/tír;
- Rochtain fheabhsaithe ar ardoideachas agus cáilíocht fheabhsaithe ardoideachais, go háirithe do dhaoine ar lú na deiseanna atá acu agus sna tíortha is boichte sna réigiúin éagsúla;
- Rannpháirtíocht mhéadaithe institiúidí ardoideachais atá lonnaithe i gceantair iargúlta;
- Rialachas le haghaidh ceapadh beartas agus cur chun feidhme beartas atá éifeachtúil agus éifeachtach i réimse an ardoideachais;
- Comhtháthú réigiúnach agus bunú uirlisí inchomparáide aitheantais agus dearbhaithe cáilíochta chun tacú le comhar acadúil agus le soghluaisteacht do mhic léinn, don fhoireann agus do thaighdeoirí;
- Nasc agus comhar níos láidre leis an earnáil phríobháideach, ag cur nuálaíocht agus fiontraíocht chun cinn;
- Ailíniú an domhain acadúil le margadh an tsaothair, ag cur le hinfhostaitheacht na mac léinn;
- Ciall tionscnaíochta agus fiontraíochta mhéadaithe i measc na mac léinn;
- Leibhéal inniúlachta digítí méadaithe do mhic léinn agus don fhoireann;
- Úinéireacht institiúideach ar na torthaí FAA, ag cinntiú inbhuanaitheachta dá réir;
- Úinéireacht náisiúnta ach cleachtais dhearfacha agus dea-chleachtais a thriail agus a phríomhshruthú san ardoideachas;
- Inniúlacht mhéadaithe agus gairmiúlacht chun oibriú ar leibhéal idirnáisiúnta: inniúlachtaí bainistíochta agus straitéisí idirnáisiúnaithe feabhsaithe;
- Breis cáilíochta le linn tionscadail idirnáisiúnta a ullmhú agus a chur chun feidhme agus le linn monatóireachta agus obair leantach a dhéanamh orthu.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Ní mór na gníomhaíochtaí a mholtar a bheith nasctha go díreach leis na cuspóirí thuas, leis na réimsí tosaíochta réigiúnacha, le saintréithe na Snáitheanna (féach thíos) agus ní mór iad a mhionsonrú i dtuairisc ar an tionscadal lena gcumhdaítear an tréimhse chur chun feidhme ina hiomláine.

I gcomhthéacs na gníomhaíochta sin, ní mór gníomhaíochtaí tionscadail a bheith dírithe ar neartú agus ar leas na dtíortha incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, agus ar neartú agus ar leas a gcuid institiúidí ardoideachais agus a gcuid eagraíochtaí eile atá gníomhach i réimse an ardoideachais agus na gcóras.

Le tionscadail mhaoinithe beifear in ann réimse leathan gníomhaíochtaí comhair, malartaithe, cumarsáide agus gníomhaíochtaí eile a lánpháirtiú, agus cuirtear samplaí díobh sin ar fáil faoin gcur síos ar na trí Shnáithe atá ar fáil faoin ngníomhaíocht seo. Ba cheart breisluch a bheith ag na gníomhaíochtaí atá beartaithe, agus beidh tionchar díreach acu ar bhaint amach thorthaí an tionscadail.

SPRIOCANNA GEOGRAFACHA

Is féidir tionscadail FAA a chur chun feidhme mar a leanas:

- Tionscadail náisiúnta, is é sin tionscadail a bhaineann le hinstiúidí ó thíre incháilithe amháin nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár;
- Tionscadail iltíre (réigiúnacha) laistigh de Réigiún incháilithe amháin;
- Tionscadail iltíre a bhaineann le níos mó ná Réigiún amháin (tras- réigiúnach) agus a bhaineann le tír amháin ar a laghad as gach Réigiún incháilithe²⁸⁵.

Tá buiséad sainithe ann le haghaidh gach réigiúin agus foilseofar tuilleadh eolais maidir leis na méideanna atá ar fáil ar an Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana (TDCT):

<https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/portal/screen/home>

De bhreis ar aird ar leith a thabhairt ar fheabhas a chur ar rochtain chóir agus chothrom ó thaobh inscne de ar institiúidí ardoideachais i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, go háirithe do dhaoine ar lú na deiseanna atá acu, glacfaidh an ghníomhaíocht cur chuige cuimsitheach i ngach réigiún agus é mar aidhm leis rannpháirtíocht na dtíortha is boichte agus is lú forbairt nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a mhéadú.

RÉIMSÍ TOSAÍOCHTA RÉIGIÚNACHA

Le haghaidh Shnáitheanna 1 agus 2, ní mór tosaíochtaí réigiúnacha réamhshainithe a urramú leis na tograí, ar tosaíochtaí iad a fhoilsítear ar an Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana (TDCT): <https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/portal/screen/home>

Le haghaidh Shnáithe 3, ní mór aird a thabhairt sna tograí ar na ceanglais i ndáil leis an Úcráin a fhoilsítear ar an Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana (TDCT): <https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/portal/screen/home>

SNÁITHEANNA TIONSCADAIL

Chun freagra a thabhairt ar na dúshlán éagsúla sna tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, tá trí Shnáithe shonracha sa ghníomhaíocht FAA:

²⁸⁵ Ní mór tionscadail thras- réigiúnacha a bheith i réimsí tosaíochta na Réigiún uile atá i gceist, a n- ábharthacht do gach Réigiún a léiriú agus é sin a chosaint le hanailís mhionsonraithe ar riachtanais agus ar chuspóirí coiteanna.

Snáithe 1 - Rochtain ar chomhar san ardoideachas a chothú

Tá an Snáithe seo deartha chun institiúidí ardoideachais agus gníomhaithe mionscála ag a bhfuil níos lú taithí a mhealladh chuig an ngníomhaíocht FAA chun rochtain ar eagraíochtaí is nuatheachtaí a éascú²⁸⁶. Ba cheart do na comhpháirtíochtaí sin gníomhú mar chéad chéim d'institiúidí ardoideachais agus d'eagraíochtaí ag a bhfuil acmhainn oibríochtúil níos lú atá lonnaithe i dtír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár rochtain a fháil ar bhealaí chun freastal ar dhaoine ar lú na deiseanna atá acu agus na bealaí sin a mhéadú. Maoineofar leis an Snáithe sin tionscadail mhionscála chun an bhearna idirnáisiúnaithe a laghdú i measc institiúidí ardoideachais ó thíortha incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, ón tír chéanna nó ón Réigiún céanna. Ba cheart do thionscadail comhpháirtíochtaí a bhunú chun smaointe comhair a fhorbairt chomh maith le haistriú saineolais, taithí agus dea-chleachtas a éascú, rochtain ar dheiseanna fothaithe acmhainneachta a chothú agus cuimsiú sóisialta agus rochtain mac léinn/foirne ar lú na deiseanna atá acu ar thairiscint cháilíochtúil ardoideachais a fheabhsú. Díreoidh na tionscadail sin ar na nithe seo a leanas go háirithe:

- Institiúidí ardoideachais ó thíortha is lú forbairt nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár;
- Institiúidí ardoideachais atá lonnaithe i réigiúin/limistéir iargúlta i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár;
- Nuatheachtaithe nó institiúidí ardoideachais agus dámha ag a bhfuil níos lú taithí ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár;
- Mic léinn agus baill foirne ar lú na deiseanna atá acu.

Gníomhaíochtaí

Ba cheart do na gníomhaíochtaí a mholtar agus do na torthaí tionscadail breisluach soiléir a bheith acu do na tairbhíthe ar a ndírítear. Tá liosta neamhchuimsitheach gníomhaíochtaí féideartha ar fáil thíos:

Gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh acmhainneacht bainistíochta/riaracháin na n-institiúidí ardoideachais ar a ndírítear a fheabhsú, cuir i gcás:

- an rialachas ollscoile a athchóiriú agus a nuachóiriú, agus cuimsítear leis sin seirbhísí a fheabhsú, go háirithe chun leasa na mac léinn (treoraíocht mac léinn, comhairleoireacht agus treoshuíomh poist, srl.);
- oifigí caidrimh idirnáisiúnta a bhunú nó a neartú agus straitéisí idirnáisiúnaithe a fhorbairt;
- aonaid agus próisis/straitéisí dearbhaithe cáilíochta nua a bhunú nó cinn atá ann cheana a fhorbairt laistigh d'institiúidí ardoideachais;
- acmhainneacht aonad pleanála agus meastóireachta a chruthú nó a mhéadú;
- sásraí a fheabhsú chun torthaí ó thionscadail comhair idirnáisiúnta a chur in iúl agus a scaipeadh;
- acmhainní a fhorbairt chun tacú le gníomhaíochtaí soghluaisteachta mac léinn agus foirne.

Gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh oideachas ardcháilíochta agus ábhartha a chinntiú, cuir i gcás:

- modúil nó clár staidéir, treoshuíomhanna teicniúla nó gairmiúla clár;
- clár dianstaidéir a bhunú a thabharfaidh mic léinn agus foireann teagaisc ó institiúidí ardoideachais rannpháirteacha le chéile ar feadh tréimhsí staidéir níos giorra;
- inniúlachtaí a fhorbairt le haghaidh mac léinn iarchéime agus foirne acadúla chomh maith lena soghluaisteacht a chur chun cinn;
- cúrsaí oiliúna a chur chun feidhme le haghaidh foirne acadúla institiúidí ardoideachais;
- sineirgí a chruthú agus na naisc leis an earnáil ghnó agus le haon eagraíochtaí príobháideacha nó poiblí atá gníomhach i margadh an tsaothair agus i réimsí an oideachais, na hoiliúna agus na hóige a neartú.

Gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh inrochtaineacht na mac léinn/na foirne ar lú na deiseanna atá acu a mhéadú, cuir i gcás:

²⁸⁶ Féach an sainmhíniú ar eagraíocht is nuatheachtaí i gCuid D - Gluais.

- conairí agus deiseanna foghlama cianda agus cuimsitheacha a fhorbairt ach leas a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach agus as an ríomhfhoghlaim le haghaidh mic léinn leochaileacha;
- an teicneolaíocht dhigiteach a thabhairt cothrom le dáta chun seirbhísí sonracha a fhorbairt arb é is aidhm dóibh deiseanna foghlama cothroma agus córa a chinntiú do mhic léinn faoi mhíchumas;
- tionscnaimh a chur chun cinn atá dírithe ar idirdhealú dearfach ach mná agus mionlaigh eitneacha/reiligiúnacha a chumhachtú;
- tionscnaimh a fhorbairt lena dtabharfar aghaidh ar bhacainní atá roimh ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste i ndáil le rochtain á fáil ar dheiseanna foghlama, agus lena ndéanfar na bacainní sin a laghdú;
- rannchuidiú le timpeallachtaí cuimsitheacha a chruthú a chothaíonn cothromas agus comhionannas, agus atá freagrúil do riachtanais an phobail i gcoitinne.

Snáithe 2 - Comhpháirtíochtaí le haghaidh claochlaithe san ardoideachas

Tabharfaidh tionscadail faoin Snáithe sin aghaidh ar staid éagsúil an dul chun cinn agus ar dhúshláin institiúidí ardoideachais atá lonnaithe i dtíortha incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, feabhsóidh siad tionchar an chlár agus, i gcás inarb ábhartha, cuirfidh siad le foinsí maoinithe eile. Tabharfaidh siad cuir chuige agus tionscnaimh nua isteach san ardoideachas, bunaithe ar phiarfhoghlaim agus ar aistriú taithí agus dea-chleachtais a dhéanann difear ní amháin do na hinstitiúidí ach don tsochaí i gcoitinne freisin. Is tionscadail fothaithe acmhainneachta choimpléascacha agus nuálacha iad comhpháirtíochtaí le haghaidh claochlaithe san ardoideachas, atá bunaithe ar aistriú taithí, inniúlachtaí agus dea-chleachtais le raon gníomhaíochtaí idirnasctha arb é is aidhm dóibh inniúlachtaí na n-institiúidí ardoideachais ar a ndírítear a neartú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an 21^ú céad, ar nós imirce, an t-athrú aeráide, rialachas agus aistrithe i dtreo geilleagar digiteach. Ba cheart tionchar suntasach agus fadtéarmach a bheith ag torthaí na dtionscadal ar na hinstitiúidí ardoideachais ar a ndírítear tar éis shaolré na dtionscadal agus mar sin rachaidh siad chun tairbhe na sochaí ina hiomláine.

Go sonrach, tabharfaidh na tionscadail sin na gnéithe seo a leanas le chéile chun tairbhe institiúidí ardoideachais sna tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár:

- **Nuálaíocht san ardoideachas** chun a ábharthacht do mhargadh an tsaothair agus don tsochaí a fheabhsú. Tá coinne leis go dtabharfaidh na tionscadail bheartaithe aghaidh ar neamhréireanna idir cheanglais fostóirí agus tairiscintí institiúidí ardoideachais agus go molfaidh siad réitigh chomhtháite ionas go mbeidh na mic léinn níos infhostaithe. Is féidir é sin a dhéanamh ach idirghabhálacha cuimsitheacha a chur chun feidhme lena gcuimsítear:
 - curaclaim nuálacha a dhearadh agus gnéithe nuálacha a thabhairt isteach sna curaclaim atá ann cheana;
 - modhanna nuálacha foghlama agus teagaisc a chur chun feidhme (is é sin teagasc agus foghlaim atá dírithe ar fhoghlaiméoirí agus bunaithe ar fhadhbanna iarbhír);
 - rannpháirtíocht ghníomhach le saol an ghnó agus leis an taighde, clár agus gníomhaíochtaí oideachais leanúnaigh le fiontair agus laistigh díobh a eagrú;
 - acmhainní institiúidí ardoideachais sna tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a neartú chun líonrú éifeachtach a dhéanamh sa taighde agus sa nuálaíocht eolaíoch agus theicneolaíoch.
- **Athchóiriú a chur chun cinn in institiúidí ardoideachais** a bheidh ina gcúis forbartha eacnamaíche agus sóisialta sna tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. Ba cheart do thionscadail tacú le hinstitiúidí ardoideachais chun na hathchóirithe institiúideacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme a dhéanfaidh comhpháirteanna níos daonlathaí, níos cuimsithí, níos cothroime agus níos iomláine den tsochaí shibhialta díobh. Cuimsítear le hathchóirithe institiúideacha córais agus struchtúir nua rialachais agus bainistíochta, ullmhacht i dtéarmaí scileanna digiteacha, seirbhísí nua-aimseartha ollscoile, próisis dearbhaithe cáilíochta agus uirlisí agus modhanna le haghaidh gairmiúlú agus forbairt ghairmiúil foirne acadúla, teicniúla agus riaracháin. Tá forbairt meoin fiontraíochta agus inniúlachtaí agus scileanna feabhsaithe laistigh de na hinstitiúidí ina bpríomhghnéithe do rathúlacht an tSnáithe seo. Cuirfidh foghlaim scileanna trasnaí, oideachas fiontraíochta agus cur i bhfeidhm praiticiúil scileanna fiontraíochta ar a gcumas d'institiúidí ardoideachais a gcuid eolais agus acmhainní a chur ar fáil dá bpobail áitiúla/náisiúnta/réigiúnacha.

Gníomhaíochtaí

Ba cheart do na gníomhaíochtaí a mholtar agus do na torthaí tionscadail breisluach soiléir a bheith acu do na tairbhíthe ar a ndírítear. Tá liosta neamhchuimsitheach gníomhaíochtaí féideartha ar fáil thíos:

- curaclaim nuálacha a fhorbairt, a thástáil agus a oiriúnú i dtéarmaí ábhair [príomhinniúlachtaí agus scileanna trasnaí, (fiontraíocht, fadhbhréiteach, poist ghlasa, srl.)], struchtúir (modúlach, comhpháirteach...) agus modhanna teagaisc/foghlaime [agus cuimsítear leis sin úsáid a bhaint as an bhfoghlaim oscailte agus sholúbtha, an tsoghluaisteacht fhíorúil, acmhainní oscailte oideachais, an fhoghlaime chumaisc, Ollchúrsaí Oscailte Ar Líne (MOOC), srl.];
- modhanna, uirlisí agus ábhair nua foghlama a fhorbairt, a thástáil agus a chur chun feidhme (mar shampla curaclaim ildisciplíneacha nua, teagasc agus foghlaim atá dírithe ar fhoghlaimeoirí agus bunaithe ar fhadhbanna iarbhir) trí oiliúint agus trí shocrúcháin phraiticiúla mac léinn;
- athchóirithe de chineál Bologna a thabhairt isteach (córas bunaithe ar shraith trí leibhéal, uirlisí trédhearcachta, cuir i gcás córais chreidmheasa agus Forlíonadh Dioplóma, dearbhú cáilíochta, meastóireacht, Creataí Cáilíochta Náisiúnta/Réigiúnacha, aitheantas ar réamhfhoghlaim agus ar fhoghlaime sheachfhoirmiúil, srl.) ar an leibhéal institiúideach;
- scéimeanna oiliúna praiticiúla, intéirneachtaí agus staidéar ar chásanna fíorshaoil sa ghnó agus sa tionsclaíocht a thabhairt isteach atá leabaithe go hiomlán, aitheanta agus creidiúnaithe sa churaclam;
- córais oiliúna sealaíochta a thabhairt isteach lena nasctar staidéir threasacha le gairmoideachas agus le gairmoiliúint sa mheánscoil uachtarach mar bhealach chun infhostaitheacht céimithe a neartú;
- réitigh a fhorbairt ar shaincheisteanna dúshlánacha, nuálaíocht táirge agus phróisis (mic léinn, ollúna agus cleachtóirí le chéile);
- forbairt agus tástáil a dhéanamh ar réitigh ar éilimh shóisialta phráinneacha nach dtéann an margadh i ngleic leo agus atá dírithe ar ghrúpaí leochaileacha sa tsochaí; dul i ngleic le dúshlán shochaíoch nó dúshlán a bhaineann le hathruithe i ndearcchá agus luachanna, straitéisí agus beartais, struchtúir agus próisis eagraíochtúla, córais agus seirbhísí soláthair;
- tacú le cruthú lárionad, gorlann don nuálaíocht, aistrithe teicneolaíochta agus gnólachtaí nuathionscanta agus le comhtháthú an oideachais agus na taighde agus na nuálaíochta ar an leibhéal institiúideach/réigiúnach/náisiúnta;
- cláir agus gníomhaíochtaí oideachais leanúnaigh a fhorbairt agus a thástáil le fiontair agus laistigh díobh;
- cumraíochtaí chun bearta nuálacha a thriail agus a thástáil; malartuithe mac léinn, taighdeoirí, ball foirne teagaisc agus ball foirne fiontair ar feadh tréimhse theoranta; dreasachtaí a sholáthar le haghaidh rannpháirtíocht ball foirne fiontair sa teagasc agus sa taighde;
- athchóiriú córas agus struchtúr rialachais agus bainistíochta ar an leibhéal institiúideach (agus cuimsítear leis sin modhanna agus córais dearbhaithe cáilíochta, bainistíocht airgeadais agus neamhspleáchas institiúidí ardoideachais, caidreamh idirnáisiúnta, seirbhísí agus comhairleoireacht mac léinn, gairmthreoir, boird acadúla agus taighde, srl.);
- straitéisí agus uirlisí a fhorbairt le haghaidh idirnáisiúna institiúidí ardoideachais (oscailteacht idirnáisiúnta curaclam, scéimeanna soghluaisteachta idirinstitutioneacha), agus a n-acmhainn chun líonrú éifeachtach a dhéanamh sa taighde agus sa nuálaíocht eolaíoch agus theicneolaíoch (comhar eolaíoch agus aistriú eolais, srl.);
- forbairt agus tástáil a dhéanamh ar réitigh ar éilimh shóisialta phráinneacha nach dtéann an margadh i ngleic leo agus atá dírithe ar ghrúpaí leochaileacha sa tsochaí; dul i ngleic le dúshlán shochaíoch nó dúshlán a bhaineann le hathruithe i ndearcchá agus luachanna, straitéisí agus beartais, struchtúir agus próisis eagraíochtúla, córais agus seirbhísí soláthair;
- réitigh a fhorbairt ar shaincheisteanna dúshlánacha, nuálaíocht táirge agus phróisis (mic léinn, ollúna agus cleachtóirí le chéile);
- uirlisí agus modhanna a fhorbairt, a oiriúnú agus a sholáthar le haghaidh uas-sciliú, meastóireacht/measúnú, gairmiúil agus forbairt ghairmiúil foirne acadúla agus riaracháin, agus le haghaidh oiliúint tosaigh múinteoirí agus forbairt gairme leanúnach.

Snáithe 3 - Tionscadail um athchóiriú struchtúrach

Tacóidh tionscadail faoin Snáithe seo le hiarrachtaí i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár chun córais ardoideachais chomhleanúnacha agus inbhuanaithe a fhorbairt chun a gcuid riachtanas socheacnamaíoch agus a n-uailmhian leathan maidir le geilleagar eolasbhunaithe a chruthú a chomhlíonadh. Tá príomhshruthú agus uas-scálú torthaí rathúla chomh maith le sineirgí le tacaíocht leanúnach nó tacaíocht phiblíne sa

réimse faoi chlár tacaíochta dhéthaobhacha ina ngnéithe den Snáithe seo freisin. Tabharfaidh tionscadail um Athchóiriú Struchtúrach aghaidh ar riachtanais tíortha incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár chun tacú le feabhsú agus nuálaíocht shistéamach agus struchtúrach inbhuanaithe ar leibhéal na hearnála ardoideachais. Go sonrach, tabharfaidh na tionscadail seo aghaidh ar iarrachtaí tíortha chun córais Ardoideachais chomhleanúnacha agus inbhuanaithe a fhorbairt chun a gcuid riachtanas socheacnamaíoch a chomhlíonadh agus ar deireadh thiar chun geilleagar eolasbhunaithe a chruthú. Ach na hÚdaráis Náisiúnta inniúla a bheith rannpháirteach (go háirithe Aireachtaí Oideachais) ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, chomh maith le hinstiúidí ardoideachais, instiúidí Taighde agus údaráis/comhlachtaí agus geallsealbhóirí ábhartha eile, déanfaidh na tionscadail sin na nithe seo a leanas go háirithe:

- Comhar agus foghlaim fhrithpháirteach a chur chun cinn i measc agus idir údaráis phoiblí ar an leibhéal instiúideach is airde i mBallstáit an Aontais nó i dtíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár agus na tíortha incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár chun feabhas agus nuálaíocht shistéamach a chothú san earnáil ardoideachais.
- Córais ardoideachais chuimsitheacha a chur chun cinn ar féidir leo na coinníollacha cearta a sholáthar do mhic léinn ó chúlaí éagsúla chun rochtain a fháil ar an bhfoghlaim agus chun go n-éireoidh leo san ardoideachas. Dá bhrí sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar dhaoine ar lú na deiseanna atá acu.
- Inniúlachtaí instiúidí ardoideachais i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, inniúlachtaí comhlachtaí atá i gceannas ar an ardoideachas agus inniúlachtaí na n-údarás inniúil (Aireachtaí go háirithe) trína rannpháirtíocht i sainiú, i gcur chun feidhme agus i monatóireacht próiseas athchóirithe a mhéadú chun a gcórais ardoideachais a nuachóiriú, go háirithe i dtéarmaí rialachais agus maoinithe.
- Sineirgí le tionscnaimh leanúnacha an Aontais sa tír/sna tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár i réimsí atá cumhdaithe faoi Erasmus+ a shainaithint.

An timpeallacht dhigiteach oideachais a neartú don Úcráin

Faoi Shnáithe 3, tacóidh an ghníomhaíocht seo freisin le tionscadal um Athchóiriú Struchtúrach atá dírithe ar thimpeallacht dhigiteach oideachais oscailte a chruthú chun ardoideachas ardcháilíochta a thairiscint do mhic léinn atá cláraithe in Instiúidí Ardoideachais san Úcráin, go háirithe dóibh siúd atá ag teitheadh ón Úcráin nó do mhic léinn atá easáitithe go himmheánach - chomh maith le deiseanna oideachais do phobal leathan na hÚcráine ar an gcoigríoch - bunaithe ar chomhar idir ollscoileanna san Úcráin agus ollscoileanna eile san Eoraip. Thacódh timpeallacht dhigiteach den sórt sin freisin le malartuithe agus comhar le foirne acadúla.

Is iad seo a leanas spriocanna ionchais an tionscadail sin:

- tacú le forbairt éiceachórais oideachais dhigitigh ardfeidhmíochta d'ollscoileanna san Úcráin, rud a chinnteodh go leanfar lena gcuid gníomhaíochtaí, chomh maith lena bhfeidhmíocht le linn na coinbhleachta agus ina diaidh;
- tacú le digitíú modhanna teagaisc agus foghlama agus le soláthar an bhonneagair is gá don fhoghlaim ar líne agus don fhoghlaim chuimsitheach, i gcomhréir le spriocanna ginearálta an Phlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021- 2027 freisin.

Go sonrach, leis an tionscadal seo tabharfar an deis do líonra instiúidí ardoideachais san Úcráin chun ardán ilinstiúideach comhpháirteach ar líne a chur ar bun a dhéanfaidh ardáin oideachais dhigitigh atá ann cheana a nascadh le chéile. Féadfaidh instiúidí oideachais Eorpacha a bhfuil taithí acu ar an gclannfoghlaim agus ar an bhfoghlaim ar líne tacaíocht a sholáthar freisin chun an t-ardán comhpháirteach a chur ar bun agus a réachtáil.

Thabharfaidh an t-ardán seo cúrsaí digiteacha ar líne le chéile, mar aon le hábhar ábhartha eile a múineadh in ollscoileanna na hÚcráine roimh an gcogadh agus a nuashonraíodh de réir chaighdeán cháilíochta an tionscadail. Leis an ardán d'fhéadfaí foráil a dhéanamh freisin do bhainistiú cúrsaí, do chlárú, d'fhíordheimhniú na mac léinn, do stór ábhair foghlama, do scrúduithe agus do mheasúnaithe ar líne, srl. Is iad na príomhspríocanna don ardán a bheadh ann instiúidí ardoideachais a chaill a mbonneagar go do-athraithe nó go páirteach agus an fhoireann acadúil agus a gcuid mac léinn athlonnaithe chuig réigiúin eile san Úcráin nó ar an gcoigríoch, cé go bhféadfadh sé tacú le hinstiúidí ardoideachais eile san Úcráin agus dá gcuid mac léinn freisin.

Le linn an tionscadail thabharfaí deis do na comhpháirtithe de chuid na hÚcráine an liosta táscach gníomhaíochtaí seo a leanas a chur chun feidhme:

- rialacha agus sásraí idirinstiúideacha a dhearadh chun cúrsaí agus ábhair ollscoile a fhorbairt;
- ábhar agus cúrsaí oideachais dhigitigh a dhearadh agus a sheachadadh, a chuirfear ar fáil do gach institiúid ardoideachais san Úcráin ar an ardán ar líne;
- gníomhaíochtaí oiliúna a sholáthar don fhoireann acadúil a sheachadann teagasc ar líne agus ó chian ar an ardán;
- próisis a fhorbairt chun torthaí foghlama agus creidmheasanna ECTS a aithint, go háirithe do na cúrsaí ollscoile;
- sásraí dearbhaithe cáilíochta comhpháirteacha a fhorbairt;
- aon ghníomhaíocht ardcháilíochta lena gcinnteofar leanúnachas chóras ardoideachais na hÚcráine, d'ainneoin na gcúinsí deacra.

Sa mheántéarma, d'fhéadfadh an t-ardán feidhmiú mar bhonn chun Ollscoil Oscailte a bhunú san Úcráin, a thabharfadh tairiscint dhigiteach na n-ollscoileanna atá ann cheana le chéile agus anuas air sin, bheifí in ann cláir nua a fhorbairt, agus cuimsítear leis sin cúrsaí nua ar líne agus ábhar staidéir ábhartha.

Foilseofar eolas agus ceanglais bhreise ina leith ar an Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana (TCDT): <https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/portal/screen/home>

Gníomhaíochtaí

Ba cheart do thionscadail gníomhaíochtaí a mholadh a thabharfaidh breisluach soiléir don chóras ardoideachais ina iomláine agus a mbeidh tionchar díreach acu ar na tairbhíthe ar a ndírítear. Ba cheart do na gníomhaíochtaí sin rannchuidiú le hathchóiriú beartas ardoideachais a fhreagraíonn do riachtanais na sochaí agus an mhargaidh saothair.

Tá liosta neamhchuimsitheach gníomhaíochtaí féideartha ar fáil thíos:

- Úinéireacht náisiúnta a chothú ach cleachtais dhearfacha agus dea-chleachtais a thriail agus a phríomhshruthú san Ardoideachas ar an leibhéal náisiúnta agus/nó réigiúnach:
 - chun infhostaitheacht céimithe a mhéadú;
 - rochtain ar Ardoideachas a leathnú do dhaoine ar lú na deiseanna atá acu;
 - na naisc idir an t-oideachas, an taighde agus an nuálaíocht a neartú.
- Cur le ceapadh beartas éifeachtúil agus éifeachtach i réimse an Ardoideachais ach geallsealbhóirí eile i réimse an Ardoideachais a bheith rannpháirteach:
 - rannpháirtíocht údarás poiblí freagrach eile a spreagadh chun ábharthacht na hearnála Ardoideachais agus a tionchar ar an tsochaí i gcoitinne a mhéadú;
 - rannpháirtíocht ghníomhach mac léinn a chumasú i rialachas agus in athchóiriú an chórais Ardoideachais;
 - comhlachais atá gníomhach i réimsí ábhartha eile ar nós na gairmoiliúna agus na hóige a bheith rannpháirteach;
 - feabhas a chur ar ghné idirnáisiúnta an ardoideachais trí chomhar idir institiúidí ardleibhéil i mBallstát an Aontais nó i dtíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár agus i dtíortha incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. Go sonrach, scéimeanna a fhorbairt agus a chur chun feidhme lena n-éascaítear soghluaisteacht mac léinn agus foirne acadúla, mar shampla córas réigiúnach aistrithe creidiúna a chruthú nó tacú le forbairt Creataí Náisiúnta Cáilíochtaí;
 - creat dearbhaithe cáilíochta náisiúnta / réigiúnach a shainiú.
- Comhar acadúil réigiúnach a chothú agus cóineasú deonach na dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a chur chun cinn i dtreo comhstraitéis réigiúnach i réimse an Ardoideachais:
 - céimeanna a shainiú chun Réimse Ardoideachais réigiúnach a chruthú;
 - aithint náisiúnta agus trasteorann a éascú;
 - bacainní roimh an bhfoghlaim a bhaint, feabhas a chur ar an rochtain ar oideachas ardcháilíochta faoi thionchar na nuálaíochta, agus é a éascú do mhúinteoirí, d'fhoghlaimeoirí agus d'oibrithe bogadh idir tíortha.
- Tabhairt isteach sásraí maoiniúcháin a chothú atá dírithe ar na nithe seo a leanas:

- rannpháirtíocht daoine ar lú na deiseanna atá acu san ardoideachas a mhéadú;
- an deighilt dhigiteach ar an leibhéal institiúideach agus aonair a dhúnadh.
- Feabhas a chur ar tharraingteacht ghairm na múinteoireachta ach bearta a thabhairt isteach, cuir i gcás:
 - tionscnaimh le haghaidh forbairt gairme a chur chun cinn;
 - a rannpháirtíocht in idirnáisiúnú an Ardoideachais a chur chun cinn ach dreasachtaí a chruthú.

Spreagtar údarais phoiblí fhreagracha a bhfuil inniúlachtaí acu sna hearnálacha a mbaineann an tionscadal leo (mar shampla, fostaíocht, an óige, airgeadas, gnóthaí sóisialta, gnóthaí baile, dlí agus ceart, sláinte, srl.) páirt a ghlacadh sna tionscadail, chomh maith le húdarais ó Bhallstáit an Aontais nó ó thíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár.

Spreagtar go háirithe institiúidí ardoideachais ó thíortha incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár gníomhú mar iarratasóirí faoin Snáithe seo.

An timpeallacht dhigiteach oideachais a neartú don Úcráin

Go sonrach don tionscnamh seo, tá coinne leis go mbunóidh líonra institiúidí de chuid na hÚcráine, le tacaíocht ó institiúidí san Eoraip a bhfuil taithí acu ar an gclár foghlaim, ardán ar líne a thabharfaidh cúrsaí digiteacha ar líne agus ábhar ábhartha eile a múineadh in ollscoileanna na hÚcráine roimh an gcogadh le chéile, agus a tugadh cothrom le dáta de réir chaighdeán cháilíochta an tionscadail (an chéad chéim) agus/nó a forbraíodh go speisialta laistigh d'Ollscoil (Fhíorúil) Oscailte na hÚcráine nó lena haghaidh (an dara céim). Is é an cuspóir is ceart a bheith ann go mbeidh na cúrsaí a bheidh le tairiscint ar an ardán á gcur ar fáil ag Ollscoileanna na hÚcráine, dá bhrí sin déanfaidh na mic léinn staidéar agus bainfidh siad céim amach ar an mbealach céanna le mac léinn a bheadh ar an gcampas.

Le linn an tionscadail bheadh ar na h-institiúidí rialacha agus sásraí idir-institiúideacha a dhearadh chun na cúrsaí agus na hábhair Ollscoile a fhorbairt, chomh maith le seachadadh, teagasc agus foghlaim na gcúrsaí, a bheidh ar fáil do gach institiúid ardoideachais san Úcráin ar an ardán ar líne; próisis a fhorbairt chun torthaí foghlama agus creidmheasanna ECTS a aithint, go háirithe do na Cúrsaí Ollscoile; sásraí comhpháirteacha um dhearbhu cáilíochta a fhorbairt agus cuimsítear leis sin creat féinmheastóireachta chúrsaí agus ábhair na hOllscoile. Tacóidh an tionscadal le hábhar agus cúrsaí oideachais dhigitigh nua a chruthú.

Cuirfear gníomhaíochtaí oiliúna do lucht acadúil na hÚcráine sa chiantegasc san áireamh ar an ardán.

Tá coinne leis go dtacóidh an t-ardán go príomha le h-institiúidí ardoideachais ag an gcéad chéim a chaill a mbonneagar go do-athraithe nó go páirteach agus an fhoireann acadúil agus a gcuid mac léinn athlonnaithe chuig réigiúin eile san Úcráin nó ar an gcoigríoch, chomh maith le h-institiúidí ardoideachais eile de chuid na hÚcráine agus le mic léinn.

Cruthóidh an t-ardán infheictheacht agus rochtain ar na táirgí oideachais dhigitigh, arna bhforbairt ag Institiúidí Ardoideachais na hÚcráine, don phobal i gcoitinne san Úcráin agus ar fud an domhain trí Chúrsaí Oscailte.

CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Tíortha incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár don ghníomhaíocht seo: Na tíortha uile nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár (féach an roinn 'Tíortha Incháilithe' i gCuid A den Treoir seo) i Réigiúin 1, 2, 3, 5, 6, 7, 8, 9, 10 agus 11 ²⁸⁷ . Eisceacht: níl eagraíochtaí ón mBealarúis (Réigiún 2) ná ó Chónaidhm na Rúise (Réigiún 4) incháilithe chun páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht sin.
---	---

²⁸⁷ Cé is moite de thíortha ardioncaim i Réigiúin 5, 7 agus 8 (féach an roinn 'Tíortha Incháilithe' i gCuid A den Treoir seo).

Le haghaidh Shnáitheanna 1 & 2

Ní mór d'iarraitasóirí (comhordaitheoir agus comhpháirtithe) a bheith mar eintitis dhlítheanacha:

- institiúidí ardoideachais nó eagraíochtaí institiúidí ardoideachais²⁸⁸;
- bunaithe i mBallstát den Aontas, i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár²⁸⁹ nó i dtír incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár.

Le haghaidh Shnáithe 3

An timpeallacht dhigiteach oideachais a neartú don Úcráin:

Ní mór do chuibhreannas (comhordaitheoir agus comhpháirtithe) a chuireann tograí isteach na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

Cumhdach geografach:

- Críoch na hÚcráine mar a aithnítear leis an dlí idirnáisiúnta;
- aon Bhallstát amháin den Aontas nó aon tír amháin nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár ar a laghad;

Cumhdach institiúideach:

- 1 institiúid ardoideachais ó gach tír rannpháirteach ar a laghad;
- údarás náisiúnta inniúil (Aireacht mar shampla) atá freagrach as ardoideachas san Úcráin.

Tionscadail eile um Athchóiriú Struchtúrach:

Ní mór d'iarraitasóirí (comhordaitheoir agus comhpháirtithe) a bheith mar eintitis dhlítheanacha:

- institiúidí ardoideachais, eagraíochtaí institiúidí ardoideachais nó eagraíochtaí reachtairí, múinteoirí nó mac léinn a aithnítear go náisiúnta nó go hidirnáisiúnta;
- bunaithe i mBallstát den Aontas, i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtír incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár.
- níl eagraíochtaí ón tSiria incháilithe chun páirt a ghlacadh sa Snáithe seo.

Ní mór Cairt Ardoideachais Erasmus (ECHE) bhailí a bheith ag institiúidí ardoideachais atá lonnaithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár.

Ní mór do na hinstitiúidí ardoideachais, atá bunaithe i dtíortha incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, agus a aithníonn na húdaráis inniúla mar sin iad, lena n-eintitis chleamhnaithe (más ann dóibh), cláir staidéir iomlána a chur ar fáil a

²⁸⁸ Ní mheasfar gur institiúidí ardoideachais atá in eagraíocht institiúidí ardoideachais.. Na comhaltaí sin atá bunaithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtír incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, ní féidir ach leis na comhaltaí sin tairbhiú den deontas.

²⁸⁹ Tíortha atá i mbun caibidlíochta faoi láthair le haghaidh comhaontú comhlachais agus i gcás ina mbeidh feidhm ag an gcomhaontú sula síneofaí an deontas, tá na tíortha sin incháilithe.

	mbíonn céimeanna ardoideachais agus dioplómaí aitheanta mar thoradh orthu ar leibhéal cáilíochtaí an oideachais threasaigh²⁹⁰. Féadfaidh comhlachais, eagraíochtaí poiblí nó príobháideacha, agus a n-eintitis chleamhnaithe san áireamh (más ann dóibh), atá gníomhach i margadh an tsaothair nó i réimsí an oideachais, na hoiliúna agus na hóige atá lonnaithe i mBallstát den Aontas, i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtíortha incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, páirt a ghlacadh freisin, ach ní mar chomhordaitheoir.
Comhdhéanamh cuibhreannais	Le haghaidh Shnáitheanna 1 & 2 Ní mór do chuibhreannas (comhordaitheoir agus comhpháirtithe) a chuireann tograí isteach na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh: Cumhdach geografach: - dhá Bhallstát den Aontas Eorpach nó dhá tír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár ar a laghad; - aon tír incháilithe amháin ar a laghad nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár; - dhá tír incháilithe ar a laghad nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár le haghaidh Réigiúin 1, 10 agus 11; - aon tír amháin ar a laghad nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár ó Réigiún 10 agus tír amháin eile ó Réigiún 11 le haghaidh tionscadail lena mbaineann an dá Réigiún²⁹¹. Cumhdach institiúideach: - ar a laghad 1 institiúid ardoideachais ó <u>gach</u> Ballstát den Aontas Eorpach atá rannpháirteach nó tír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár; - ar a laghad 2 institiúid ardoideachais ó <u>gach</u> tír rannpháirteach nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. Bíonn feidhm ag clúdach institiúideach maidir le <u>gach</u> tír atá rannpháirteach sa chuibhreannas. Ní mór do líon na n-iarratasóirí ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a bheith cothrom le nó níos airde ná líon na n-iarratasóirí ó Bhallstáit an Aontais agus ó thíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Eisceacht: I dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár ina bhfuil líon na n-institiúidí ardoideachais níos ísle ná 5 sa tír ar fad, nó i gcásanna inarb ionann institiúid amháin agus níos mó ná 50 % de dhaoine foriomlán na mac léinn sa tír, glactar le hiarratais nach mbaineann ach le hinstitiúid ardoideachais amháin ó na tíortha sin. Le haghaidh Shnáithe 3:

²⁹⁰ Aicmiú Idirnáisiúnta Caighdeánach ar an Oideachas (ISCED 2013), oideachas treasach, leibhéal 5 ar a laghad. Ní ghlactar le hoideachas iar-mheánscoile neamhthreasach ISCED 2011 leibhéal 4.

²⁹¹ Is féidir tionscadail idir-réigiúnacha a chur i láthair le 1 tír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár ó Réigiún 10 agus ceann eile ó Réigiún 11.

	Ní mór do chuibhreannas (comhordaitheoir agus comhpháirtithe) a chuireann tograí isteach na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh: Cumhdach geografach: - dhá Bhallstát den Aontas Eorpach nó dhá tír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár ar a laghad; - ar a laghad 1 tír incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. Cumhdach institiúideach: - ar a laghad 1 institiúid ardoideachais ó <u>gach</u> Ballstát den Aontas Eorpach atá rannpháirteach nó tír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár; - ar a laghad 2 institiúid ardoideachais ó <u>gach</u> tír rannpháirteach nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár; - údarás náisiúnta inniúil (mar shampla, Aireacht) atá freagrach as ardoideachas i <u>ngach</u> ceann de na tíortha incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. Bíonn feidhm ag clúdach institiúideach maidir le <u>gach</u> tír atá rannpháirteach sa chuibhreannas. Ní mór do líon na n-iarratasóirí ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a bheith cothrom le nó níos airde ná líon na n-iarratasóirí ó Bhallstáit an Aontais agus ó thíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Eisceacht: I dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár ina bhfuil líon na n-institiúidí ardoideachais níos ísle ná 5 sa tír ar fad, nó i gcásanna inarb ionann institiúid amháin agus níos mó ná 50 % de dhaoine foriomlán na mac léinn sa tír, glactar le hiarratais nach mbaineann ach le hinstitiúid ardoideachais amháin ó na tíortha sin freisin.
Ionad na ngníomhaíochtaí	Ba cheart na gníomhaíochtaí a dhéanamh sna tíortha atá rannpháirteach sna tionscadail.
Fad an tionscadail	Le haghaidh Shnáitheanna 1 & 2 Ba cheart tréimhse 24 mhí nó 36 mhí a bheith i gceist leis na tionscadail de ghnáth (is féidir síneadh a chur leis an tréimhse sin, le leasú, má tá údar cuí leis). Le haghaidh Shnáithe 3 Ba cheart tréimhse 36 mhí nó 48 mí a bheith i gceist leis na tionscadail de ghnáth (is féidir síneadh a chur leis an tréimhse sin, le leasú, má tá údar cuí leis).
Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh?	Faoi bhráid na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr (EACEA). Snáithe 1 Uimhir aitheantais an Ghlaio: ERASMUS-EDU-2023-CBHE Aitheantas an ábhair: ERASMUS-EDU-2023-CBHE-STRAND-1 Snáithe 2 Uimhir aitheantais an Ghlaio: ERASMUS-EDU-2023-CBHE Aitheantas an ábhair: ERASMUS-EDU-2023-CBHE-STRAND-2 Snáithe 3 Uimhir aitheantais an Ghlaio: ERASMUS-EDU-2023-CBHE Aitheantas an ábhair: ERASMUS-EDU-2023-CBHE-STRAND-3

Cathain is féidir iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí a n- iarratas ar dheontas a chur isteach faoin 16 Feabhra ar 17:00:00 (am na Bruiséile) .
--	--

CRITÉIR DHÁMHACHTANA

Déanfar measúnú ar an tionscadal le próiseas dhá chéim de réir na gcritéar seo a leanas:

Céim 1

Ábharthacht an tionscadail (scór uasta 30 pointe)	• Cuspóir: tá an togra ábhartha maidir le cuspóirí agus gníomhaíochtaí na gníomhaíochta FAA agus maidir le sonraíochtaí an tSnáithe. Is freagairt shásúil é ar riachtanais agus ar shrianta reatha na tíre/na dtíortha nó an Réigiúin/na Réigiún ar a ndírítear agus na ngrúpaí agus na dtairbhíthe deiridh ar a ndírítear. Cuirtear riachtanais na rannpháirtithe ar a ndírítear ar lú na deiseanna atá acu (i gcás inarb infheidhme) san áireamh. Tugtar aghaidh leis an togra ar thosaíochtaí uileghabhálacha an Aontais. • Cuspóirí: tá na cuspóirí bunaithe ar anailís iontaofa ar riachtanais; sainítear go soiléir iad agus tá siad sonracha, intomhaiste, indéanta, réalaíoch agus faoi cheangal ama. Tugtar aghaidh leo ar shaincheisteanna a bhaineann leis na heagraíochtaí rannpháirteacha (i gcomhréir le straitéis nuachóirithe, forbartha agus idirnáisiúnaithe na n-institiúidí ardoideachais ar a ndírítear), agus le straitéisí forbartha don ardoideachas sna tíortha incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. • Nasc chuig beartas agus tionscnaimh ón Aontas: leis an togra cuirtear comhlántacht/sineirgí le hidirghabhálacha eile arna maoiniú ag an Aontas agus ag eintitis eile (deontóirí, poiblí agus príobháideacha) san áireamh agus déantar iad a fheabhsú, i gcás inarb iomchuí. • Breisluch AE: Léirítear leis an togra nach bhféadfaí torthaí comhchosúla a bhaint amach gan comhar na n-institiúidí ardoideachais ó na Ballstáit den Aontas Eorpach nó ó thíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár agus gan maoiniú ón Aontas. Go háirithe le haghaidh Shnáithe 1 • Tugtar aghaidh leis an togra go soiléir ar na tosaíochtaí réigiúnacha réamhshainithe don Réigiún/do na Réigiúin ar a ndírítear. Go háirithe le haghaidh Shnáithe 2 • Dírítear leis an togra ar ghnéithe nuálacha agus ar mhodhanna agus ar theicnící úrscothacha sa réimse idirghabhála sainaitheanta. • Tugtar aghaidh leis an togra go soiléir ar na tosaíochtaí réigiúnacha réamhshainithe don Réigiún/do na Réigiúin ar a ndírítear. Go háirithe le haghaidh Shnáithe 3 • Tugtar aghaidh leis an togra ar athchóiriú agus ar nuachóiriú an chórais/na gcóras ardoideachais i gcomhréir le straitéisí forbartha na dtíortha ar a ndírítear nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár.
Cáilíocht dhearadh agus chur chun feidhme an tionscadail (scór uasta 30 pointe)	• Comhleanúnachas: le dearadh foriomlán an tionscadail cinntítear comhsheasmhacht idir cuspóirí an tionscadail agus an buiséad atá beartaithe. Cuirtear i láthair sa togra tacar comhleanúnach cuimsitheach gníomhaíochtaí iomchuí chun freastal ar na riachtanais shainaitheanta agus chun na torthaí a bhfuil súil leo a bhaint amach. • Modheolaíocht: tá loighic na hidirghabhála ar ardchaighdeán, tá na haschuir agus na torthaí atá beartaithe comhleanúnach agus indéanta, agus tá príomhthoimhdí agus rioscaí aitheanta go soiléir ann. Tá struchtúr agus ábhar na Creatmhaitrise Loighciúla (CML) sásúil, is é sin rogha táscairí atá infhíoraithe go hoibiachtúil, infhaighteacht sonraí,

	sonraí bonnlíne, spriocluachanna, srl. • Plean oibre: cáilíocht and éifeachtacht an phlean oibre, cuir i gcás a mhéid atá na hacmhainní atá sannta do phacáistí oibre i gcomhréir lena gcuispóirí agus leis na dtáirgí insoláthartha; tá an gaol idir na hacmhainní agus na torthaí a bhfuil coinne leo sásúil agus tá an plean oibre réalaíoch, le gníomhaíochtaí dea-shainithe, amlínthe, táirgí insoláthartha soiléire agus garspíocanna. • Buiséad: tá an togra costéifeachtach agus leithdháileann sé na hacmhainní airgeadais iomchuí is gá chun an tionscadal a chur chun feidhme go rathúil. • Rialú cáilíochta: le bearta rialaithe (meastóireacht leanúnach ar cháilíocht, piarmheasúnuithe, gníomhaíochtaí tagarmharcála, gníomhaíochtaí maolaitheacha, srl.) agus táscairí cáilíochta, cinntítear go gcuirtear an tionscadal chun feidhme ar bhealach ardcháilíochta. • Inbhuaine comhshaoil: deartar an tionscadal ar bhealach éiceabhách agus cuimsítear cleachtais ghlasa (mar shampla, taisteal glas) i gcéimeanna éagsúla de chuid an tionscadail.
Cáilíocht na comhpháirtíochta agus na socrúithe comhair (scór uasta 20 pointe)	• Bainistíocht: déantar foráil maidir le socrúithe bainistíochta láidre. Sainítear amlínthe, struchtúir rialachais, socrúithe comhair agus freagrachtaí go soiléir agus tá siad réalaíoch. • Comhdhéanamh: bailíonn an chomhpháirtíocht meascán iomchuí eagraíochtaí a bhfuil na hinniúlachtaí is gá acu atá ábhartha do chuspóirí an togra agus do shonraíochtaí an tSnáithe; cuimsítear leis an togra an raon is iomchuí agus is éagsúla comhpháirtithe neamh-acadúla. • Cúraimí: sanntar ról agus cúraim ar bhonn fhios gnó, phróifílí agus thaithí shonrach gach rannpháirtí agus tá siad iomchuí. • Comhar: beartaítear sásraí éifeachtacha chun comhar, cumarsáid agus réiteach coinbhleachta éifeachtúil a chinntiú idir na heagraíochtaí comhpháirtíochta agus aon gheallsealbhóir eile. • Gealltanais: tá an rannchuidiú ó na comhpháirtithe tionscadail suntasach, ábhartha agus comhlántach; léirítear leis an togra rannpháirtíocht, gealltanais agus úinéireacht na gcomhpháirtithe ar chuspóirí agus ar thorthaí sonracha an tionscadail, go háirithe ó na tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. Go háirithe le haghaidh Shnáithe 2 • Tá baint ag eagraíochtaí neamh-acadúla agus geallsealbhóirí ábhartha sa togra a thabharfaidh breisluach nuálach do chuspóirí an togra. Go háirithe le haghaidh Shnáithe 3 • Léirítear leis an togra go bhfuil baint láidir ag na húdaráis inniúla náisiúnta don ardoideachas le stiúradh agus le cur chun feidhme na gníomhaíochta.
Inbhuanaitheacht, tionchar agus scaipeadh na dtorthaí a bhfuil coinne leo (scór uasta 20 pointe)	• Saothrú: léirítear leis an togra conas a úsáidfí na comhpháirtithe agus geallsealbhóirí eile torthaí an tionscadail, conas a chinnteofar éifeachtaí iolraitheora (agus cuimsítear leis sin raon feidhme chun toradh na gníomhaíochta a athchruthú agus a leathnú ar an leibhéal earnálach, agus ar an leibhéal áitiúil/réigiúnach/náisiúnta nó idirnáisiúnta freisin) agus cuirtear modhanna ar fáil leis chun saothrú a thomhas laistigh d'am maoinithe an tionscadail agus ina dhiaidh sin. • Scaipeadh: soláthraítear plean soiléir agus éifeachtúil sa togra maidir le scaipeadh na dtorthaí, agus cuimsítear ann gníomhaíochtaí iomchuí agus a n-uainiú, uirlisí agus bealaí lena chinntiú go ndéanfar na torthaí agus na tairbhí a scaipeadh go héifeachtach ar gach geallsealbhóir ábhartha agus an spriocphobal neamh-rannpháirteach, ag dul i dteagmháil le geallsealbhóirí ábhartha agus iad a mhealladh chuig na torthaí laistigh d'am maoinithe an tionscadail agus ina dhiaidh sin. • Tionchar: cinntítear leis an togra tionchar inláimhsithe ar a spriocghrúpaí agus ar gheallsealbhóirí ábhartha ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta nó réigiúnach. Cuimsítear ann bearta, chomh maith le spriocanna agus táscairí chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul

	chun cinn agus chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar measta (sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma) ar leibhéal an duine aonair, ar an leibhéal institiúideach agus ar an leibhéal sistéamach. • Inbhuanaitheacht: mínítear sa togra conas a dhéanfar torthaí an tionscadail a chothú ó thaobh airgeadais de (tar éis deireadh a chur le maoiniú an tionscadail) agus go hinstitiúideach (gníomhaíochtaí agus seirbhísí fós i bhfeidhm) agus conas a chinnteofar an úinéireacht áitiúil. Go háirithe le haghaidh Shnáithe 1 • Cinntítear leis an togra freagra leanúnach agus inbhuanaithe ar na bacainní atá ann faoi láthair agus ar an méadú ar inrochtaineacht na mac léinn/na foirne ar lú na deiseanna atá acu ar na deiseanna agus ar na hacmhainní foghlama a chuireann na hinstitiúidí ardoideachais ar fáil. • Is dócha go méadófar leis an togra acmhainní comhair idirnáisiúnta institiúidí i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. Go háirithe le haghaidh Shnáithe 2 • Cinntítear leis an togra tionchar suntasach ar institiúidí na dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, go háirithe ar fhorbairt a n-acmhainní nuálaíochta agus ar nuachóiriú a rialachais, agus iad á n-oscailt féin don tsochaí i gcoitinne, do mhargadh an tsaothair agus don saol níos leithne. • Léirítear leis an togra an cumas atá aige maidir le tionchar níos leithne a bheith aige ar an tsochaí agus/nó ar an earnáil eacnamaíoch. Go háirithe le haghaidh Shnáithe 3 • Léirítear leis an togra conas a bheidh athchóirithe beartais nó nuachóiriú san ardoideachas ar an leibhéal sistéamach mar thoradh ar thorthaí an tionscadail.
--	--

Féadfaidh na hiarratais suas le 100 pointe a ghnóthú. Chun bheith curtha san áireamh le haghaidh maoinithe, ní mór do thograí ar a laghad 60 pointe san iomlán agus ar a laghad leath den uasmhéid pointí do gach critéar dámhachtana a ghnóthú.

I gcás tograí *ex aequo*, tabharfar tosaíocht do na tionscadail ag a bhfuil an scór is airde faoi na critéir 'Ábharthacht an tionscadail' agus ansin 'Inbhuanaitheacht, tionchar agus scaipeadh na dtorthaí a bhfuil coinne leo'.

Ina theannta sin, cuirfidh an Coiste Meastóireachta na nithe seo a leanas san áireamh:

- éagsúlacht théamach tionscadal agus ionadaíocht gheografach dhóthanach laistigh de Réigiún i dtéarmaí an líon tionscadal in aghaidh na tíre;
- comhlíontacht na gceanglas is infheidhme maidir leis na Réigiúin seo a leanas:
 - **Le haghaidh tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir:** i gcás Shnáitheanna 1 agus 2 tabharfar tosaíocht d'institiúidí ardoideachais ó réigiúin nach príomhréigiúin iad agus/nó ó réigiúin tuaithe agus/nó níos iargúlta;
 - **Don Áise, don Áise Láir, don Mheánoirthear agus do Réigiún an Aigéin Chiúin:** le haghaidh Shnáitheanna 1 agus 2 tabharfar tosaíocht do na tíortha is lú forbairt;
 - **Don Afraic Fho-Shahárach:** le haghaidh gach Snáithe, tabharfar tosaíocht do na tíortha is lú forbairt; cuirfear béim speisialta chomh maith ar thíortha tosaíochta imirce agus ar thionscadail réigiúnacha lena mbaineann institiúidí ardoideachais ó roinnt tíortha. Ní bheidh fáil ag tír ar bith ar níos mó ná 8 % den mhaoiniú atá beartaithe don Réigiún.

Ina dhiaidh sin, déanfar moltaí a rangú in ord íslitheach de réir an Réigiúin agus de réir an tSnáithe.

Sa dara céim, i gcás tograí a mholann an Coiste Meastóireachta ar mhaoiniú (agus an liosta ionadaithe), rachfar i gcomhairle le Toscaireacht(aí) an Aontais sa tír/sna tíortha incháilithe ábhartha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár maidir leis na gnéithe seo a leanas:

- Aitheantas d'institiúidí ardoideachais ó údaráis náisiúnta inniúla
- Indéantacht an tionscadail i gcomhthéacs áitiúil na tíre nó na dtíortha nach bhfuil san Aontas
- Tá an tionscadal ag cur le riachtanais áitiúla sa réimse tosaíochta
- Forluí le tionscnaimh atá ann cheana sa réimse téamach a roghnaítear arna mhaoiniú ag an Toscaireacht de chuid an Aontais agus ag deontóirí náisiúnta nó idirnáisiúnta

Ní dhéanfar ach tionscadail ar éirigh leo i gcomhairliúchán na Toscaireachta/na dToscaireachtaí den Aontas a choinneáil ar bun le haghaidh maoiniú ón Aontas, laistigh de theorainneacha an bhuiséid atá ar fáil in aghaidh an Réigiúin, agus suas le dhá thogra mhaoinithe ar a mhéad in aghaidh gach eagraíochta is iarratasóir. Tá buiséad táscach beartaithe do gach ceann de na trí Shnáithe, is féidir buiséad a aistriú ó Shnáithe amháin go Snáithe eile áfach.

FAISNÉIS BHREISE

Ní hionann glacadh le hiarratas agus gealltanais go ndámhfar maoiniú cothrom leis an méid a d'iarr an t-iarratasóir. Féadfar an maoiniú a iarradh a laghdú ar bhonn na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis na Snáitheanna gníomhaíochta agus le torthaí na meastóireachta.

Mar riail ghinearálta, agus laistigh de theorainneacha na gcreataí dlíthiúla náisiúnta agus Eorpacha atá ann cheana, ba cheart na torthaí a chur ar fáil mar acmhainní oscailte oideachais (OER) agus, chomh maith leis sin, ar ardáin údarás ábhartha, gairmiúil, earnála nó inniúil. Tabharfar tuairisc sa togra ar an gcaoi a ndéanfar na sonraí, na hábhair, na doiciméid agus na gníomhaíochtaí closamhairc agus meán sóisialta a tháirgfear a chur ar fáil gan srian agus a chur chun cinn trí cheadúnais oscailte, agus ní bheidh teorainneacha díreireacha ann.

TIONSCADAL A BHUNÚ

Ba cheart na pointí seo a leanas a chur san áireamh:

1. Gealltanais institiúidí comhpháirtíochta sa tionscadal

Ní mór do thionscadal éifeachtach FAA rannpháirtíocht láidir na n-institiúidí comhpháirtíochta uile a chinntiú, go háirithe na cinn sna tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. Mar gheall ar úinéireacht chomhpháirteach agus an togra á chur ar bun beidh siad freagrach as torthaí an tionscadail agus as inbhuanaitheacht an tionscadail. Féadfaidh tionscadail FAA 'Comhpháirtithe comhlachaithe' a chuimsiú a chuireann le cur chun feidhme tascanna/gníomhaíochtaí tionscadail sonracha nó a thacaíonn le scaipeadh agus le hinbhuanaitheacht an tionscadail. Le haghaidh saincheisteanna bainistíochta conarthacha, meastar nár cuid den chomhpháirtíocht iad 'Comhpháirtithe comhlachaithe' agus ní fhaigheann siad aon mhaoiniú.

2. Anailís ar riachtanais

Is é measúnú riachtanas an chéad chéim thábhachtach i bhforbairt togra FAA. Is é cuspóir an mheasúnaithe riachtanas na réimsí ar gá iad a neartú a shainaithint agus na cúiseanna atá leis na bearnaí sna réimsí sin a shainaithint freisin. Is é sin, ar a sheal, an bonn atá le hidirghabhálacha iomchuí a dhearadh chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí agus, ar an gcaoi sin, chun cur le hacmhainneacht na n-institiúidí ardoideachais.

3. Cur chun feidhme agus monatóireacht

A luaithe a chuirfear an anailís ar riachtanais i gcrích, is féidir plean cur chun feidhme a chur ar bun chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí a sainaithníodh.

Ba cheart na príomhghnéithe seo a leanas a chur san áireamh:

- **Nuachóiriú /curaclaim nua:** Maidir le tionscadail a gcuimsítear ‘forbairt curaclaim’ leo tá coinne leis go gcuimseofar oiliúint don fhoireann teagaisc iontu agus go dtabharfar aghaidh iontu ar shaincheisteanna gaolmhara, cuir i gcás dearbhú cáilíochta agus infhostaitheacht céimithe trí naisc le margadh an tsaothair. Ba cheart cláir staidéir a chreidiúnú agus/nó a cheadúnú go hoifigiúil roimh dheireadh thréimhse mhaoinithe an tionscadail. Ní mór tús a chur le teagasc cúrsaí nua nó cúrsaí a tugadh cothrom le dáta le linn shaolré an tionscadail le líon sásúil mac léinn agus múinteoirí athoilte agus ní mór é a dhéanamh le linn aon trian ar a laghad de thréimhse an tionscadail. Féadfar díriú ar phearsanra riaracháin freisin ar nós foirne leabharlainne, foirne saotharlainne agus foirne TF agus oiliúint laistigh de thionscadail athchóirithe curaclaim á déanamh. Moltar go láidir do thionscadail socrúcháin do mhic léinn sa ghnó/fhiontar a leabú sna curaclaim nuachóirithe. Ní mór fad réasúnach a bheith ag na socrúcháin chun gur féidir le mic léinn na scileanna is gá a fháil
- **Rannpháirtíocht mac léinn:** Ba cheart do na tionscadail rannpháirtíocht mac léinn a chur san áireamh (mar shampla, agus cláir nua staidéir á bhforbairt) agus ní hamháin le linn chéim tástála/phíolótach an tionscadail.
- **Soghluaisteacht foirne agus mac léinn:** Ní mór an tsoghluaisteacht a dhíriú go príomha ar mhic léinn ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár agus ar fhoirne ó na tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár agus tá sí dírithe ar: foirne (mar shampla, bainisteoirí, foirne taighde agus aistrithe teicneolaíochta, foirne teicniúla agus riaracháin) atá faoi chonradh oifigiúil sna hinstiúidí is tairbhíthe agus atá páirteach sa tionscadal; mic léinn [sa tsraith ghearr, sa chéad shraith (Baitsiléir nó a choibhéis), sa dara sraith (Máistreacht nó a coibhéis) agus sa tríú sraith nó sa tsraith dochtúireachta] atá cláraithe i gceann de na hinstiúidí is tairbhíthe. I gcás soghluaisteacht mac léinn laistigh de Bhallstáit an Aontais agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár agus eatarthu, níl an tsoghluaisteacht sin incháilithe. Ní mór don tsoghluaisteacht a bheith ar fhad réasúnach chun foghlaim agus sealbhú na scileanna is gá a chinntiú i gcomhréir le cuspóirí an tionscadail agus de ghnáth níor cheart dó a bheith níos giorra ná 1 seachtain amháin. Moltar soghluaisteacht fhisiceach a chomhcheangal le soghluaisteacht fhíorúil. Is féidir í a úsáid chun soghluaisteacht fhisiceach a ullmhú, tacú léi agus í a leanúint. Is féidir í a eagrú freisin chun aghaidh a thabhairt ar dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu nó ar lú na deiseanna atá acu chun cuidiú leo na bacainní ar shoghluaisteacht fhisiceach fhadtéarmach a sháru.
- Ní mór **dearbhu cáilíochta** a bheith ina chomhpháirt tionscadail leabaithe lena chinntiú go n-éiríonn le tionscadail FAA na torthaí a bhfuil coinne leo a sheachadadh agus tionchar a bhaint amach i ndiaidh na comhpháirtíochta féin. Ní mór bearta rialaithe cáilíochta, agus táscairí agus tagarmharcanna san áireamh, a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go mbeidh cur chun feidhme an tionscadail ar ardcháilíocht, go gcríochnófar in am é agus go mbeidh sé costéifeachtach.
- **Comhaontú comhpháirtíochta:** Ní mór rialacha mionsonraithe cur chun feidhme an tionscadail a chomhaontú idir na comhpháirtithe tionscadail agus a chur ar bhonn foirmiúil i ‘gcomhaontú comhpháirtíochta’ a bheidh le síniú ag na comhpháirtithe ag tús an tionscadail. Ní mór cóip den chomhaontú comhpháirtíochta a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin laistigh de 6 mhí ó shíniú an chomhaontaithe deontais.
- **Trealamh:** Ní fhéadfar ach ceannach trealaimh atá ábhartha go díreach do chuspóirí an tSnáithe agus a dhéantar tráth nach déanaí ná 12 mhí roimh dheireadh an tionscadail a mheas mar chaiteachas incháilithe. Tá trealamh beartaithe go heisiach d’instiúidí ardoideachais na dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a chuimsítear sa chomhpháirtíocht, agus ní mór é a thaifeadadh i bhfardal oifigiúil na n-instiúidí ardoideachais dá gceannaítear é.
- **Tionchar agus inbhuanaitheacht:** Tá coinne leis go mbeidh tionchar struchtúrach fadtéarmach ag tionscadail FAA sna tíortha incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. Beidh ar na tograí an tionchar lena bhfuil coinne ar na trí leibhéal a léiriú (duine aonair, instiúideach agus córas) i gcás inarb ábhartha agus ba cheart dóibh modheolaíocht a chur ar bun agus uirlisí a shainaithint chun í a thomhas.**Cur chun feidhme éiceabhách:** Ba cheart do na tionscadail cleachtais atá slán ó thaobh an chomhshaoil de a bhreithniú agus a gcuid gníomhaíochtaí á gcur chun feidhme, agus cuimsítear leis sin bainistíocht na dtionscadal. Tá coinne leis go ndéanfaidh tionscadail lorg carbóin aonair na rannpháirtithe a bhaineann le hiompar a thaifeadadh agus a ríomh go sistéamach.**Rochtain oscailte:** Ba cheart don togra a chinntiú go ndéanfar na hábhair, na doiciméid agus na meáin a tháirgfear a chur ar fáil gan srian agus a chur chun cinn trí cheadúnais oscailte agus gan teorainneacha díréireacha

CAD IAD NA RIALACHA CISTIÚCHÁIN ATÁ ANN?

Leanann an ghníomhaíocht seo samhail cistiúcháin cnapshuime. Cinnfear méid na ranníocaíochta cnapshuime aonair le haghaidh gach deontais bunaithe ar bhuiséad measta na gníomhaíochta atá beartaithe ag an iarratasóir. Socróidh an

t-údarás deonúcháin cnapshuim gach deontais bunaithe ar an togra, ar an toradh meastóireachta, ar na rátaí cistiúcháin agus ar uasmhéid an deontais atá socraithe sa ghlao.

Is mar a leanas **an deontas ón Aontas** in aghaidh an tionscadail:

- Le haghaidh **Shnáithe 1** - Rochtain ar chomhar san ardoideachas a chothú: Idir EUR 200 000 agus EUR 400 000 in aghaidh an tionscadail
- Le haghaidh **Shnáithe 2** - Comhpháirtíochtaí le haghaidh claochlaithe san ardoideachas: Idir EUR 400 000 agus EUR 800 000 in aghaidh an tionscadail
- Le haghaidh **Shnáithe 3** - An timpeallacht dhigiteach oideachais a neartú don Úcráin: suas le EUR 5 000 000. Tionscadail eile um Athchóiriú Struchtúrach: Idir EUR 600 000 agus EUR 1 000 000 in aghaidh an tionscadail.

Conas a chinntear cnapshuim an tionscadail?

Ní mór d'iaratasóirí tábla buiséid mionsonraithe a líonadh isteach de réir na foirme iarratais, agus na pointí seo a leanas á gcur san áireamh:

- Ba cheart an buiséad a bheith mionsonraithe mar is gá ag na tairbhí agus eagraíthe i bpacáistí oibre comhleanúnacha (mar shampla roinnte i 'bainistíocht tionscadail', 'oiliúint', 'eagrú imeachtaí', 'ullmhú agus cur chun feidhme na soghluaisteachta', 'cumarsáid agus scaipeadh', 'dearbhu cáilíochta', 'trealamh', srl.).
- Ní mór tuairisc a thabhairt sa togra ar na gníomhaíochtaí/an táirge insoláthartha a chumhdaítear le gach pacáiste oibre.
- Ní mór d'iaratasóirí miondealú ar na costais mheasta a sholáthar ina dtogra lena léirítear an scair in aghaidh an phacáiste oibre (agus, laistigh de gach pacáiste oibre, an scair atá sannta do gach tairbhí agus eintiteas cleamhnaithe).
- Sna costais ar a dtugtar tuairisc is féidir costais ball foirne, costais taistil agus chothaithe, costais trealamh agus fochonraitheoireachta mar aon le costais eile (amhail scaipeadh faisnéise, foilsíú, aistriú) a chumhdach.
- Ba cheart 35 % ar a mhéid den deontas arna dhámhachtain ag an Aontas a bheith i gceist leis na costais trealamh agus cumhdóidh an deontas ón Aontas 100 % de na costais incháilithe.
- Ba cheart 10 % ar a mhéid den deontas arna dhámhachtain ag an Aontas a bheith i gceist leis an bhfochonraitheoireacht.

Déanfar meastóireacht ar thograí de réir na nósanna imeachta meastóireachta caighdeánacha le cuidiú ó shaineolaithe inmheánacha agus/nó seachtracha. Déanfaidh na saineolaithe measúnú ar cháilíocht na dtograí de réir na gceanglas a shainítear sa ghlao agus thionchar, cháilíocht agus éifeachtúlacht mheasta na gníomhaíochta. Beidh an cnapshuim teoranta do 90 % ar a mhéad den bhuiséad measta a chinntear tar éis na meastóireachta agus socrófar paraiméadair an deontais (uasmhéid an deontais, an ráta maoinithe, iomlán na gcostas incháilithe, srl.) sa Chomhaontú Deontais.

Déanfar meastóireacht ar éachtaí an tionscadail de réir na dtorthaí a chuirtear i gcrích. Leis an scéim cistiúcháin, d'fhéadfaí díriú ar na haschuir seachas ar na hionchuir, rud a chuirfeadh béim ar cháilíocht agus leibhéal gnóthachtála cuspoirí intomhaiste.

Tugtar tuairisc ar níos mó mionsonraí i samhail an chomhaontaithe deontais atá le fáil ar an Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana (TDCT): <https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/portal/screen/home>

FOTHÚ ACMHAINNEACHTA I RÉIMSE AN GHAIRMOIDEACHAIS AGUS NA GAIRMOILIÚNA (VET)

Is tionscadail comhair idirnáisiúnta iad tionscadail fothaithe acmhainneachta atá bunaithe ar chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta idir eagraíochtaí atá gníomhach i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna i mBallstáit an Aontais agus i dtíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár agus tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. Is é is aidhm do na tionscadail tacú le hábharthacht, inrochtaineacht agus freagrúlacht córas i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár agus na gnéithe sin mar thiománaí na forbartha socheacnamaíche.

Trí thionscnaimh chomhpháirteacha a chothaíonn comhar ar fud réigiúin éagsúla an domhain, tá sé beartaithe leis an ngníomhaíocht seo acmhainneacht na soláthraithe VET a mhéadú - go háirithe i réimsí na bainistíochta, an rialachais, an chuimsithe, an dearbhaithe cáilíochta, agus na nuálaíochta – chun go mbeidh siad in ann a bheith rannpháirteach leis an earnáil phríobháideach/le fiontair/le comhlachais ghnó chun deiseanna fostaíochta a fhiosrú agus idirghabhálacha freagrúla VET a fhorbairt i gcomhpháirt. Ba cheart do chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta rannchuidiú le feabhas a chur ar cháilíocht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna sna tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, go háirithe ach acmhainní foirne agus na múinteoirí VET a neartú chomh maith leis an nasc idir soláthraithe VET agus margadh an tsaothair a neartú.

Tá sé beartaithe go rannchuideoidh tionscadail forbartha acmhainní VET leis na cuspóirí beartais níos leithne atá á saothrú idir an Coimisiún Eorpach agus na tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár nó an réigiún lena mbaineann, agus cuimsítear leis sin pacáistí infheistíochta Global Gateway.

CUSPÓIRÍ NA GNÍOMHAÍOCHTA

Go sonrach, déanfar na nithe seo a leanas leis an ngníomhaíocht:

- Acmhainneacht soláthraithe VET a fhothú chun comhar a neartú idir geallsealbhóirí príobháideacha agus poiblí i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna le haghaidh idirghabhálacha VET atá dírithe ar éileamh agus á spreagadh ag deiseanna;
- Feabhas a chur ar cháilíocht agus ar fheagrúlacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna d'fhorbairt eacnamaíochta agus sóisialta chun ábharthacht an tsoláthair scileanna do mhargadh an tsaothair a fheabhsú;
- Soláthar VET a ailíniú le straitéisí forbartha áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta.

RÉIMISÍ TÉAMACHA

I measc na ngnéithe lena sainítear fothú acmhainneachta sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint tá roinnt réimsí téamacha a chuirtear i láthair thíos. Ba cheart aghaidh a thabhairt sna tograí ar cheann amháin nó níos mó de na téamaí seo a leanas:

- Foghlaim obairbhunaithe (do dhaoine óga agus/nó do dhaoine fásta);
- Sásraí dearbhaithe cáilíochta;
- Forbairt ghairmiúil múinteoirí/oiliúnóirí an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna;
- Príomhinniúlachtaí, agus fiontraíocht san áireamh;
- Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint;
- Nuálaíocht sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint;
- Scileanna glasa agus digiteacha le haghaidh an aistrithe dhúbailte;
- Meaitseáil scileanna le deiseanna fostaíochta atá ann faoi láthair agus amach anseo.

Ina theannta sin, is féidir le hiarratasóirí réimsí téamacha nach gcuirtear i láthair thuas a chumhdach. Ní mór dóibh a léiriú go bhfuil siad an- iomchuí chun cuspóirí an ghlaio a bhaint amach agus chun freastal ar riachtanais shainaitheanta.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Ní mór do na gníomhaíochtaí a mholtar a bheith nasctha go díreach le cuspóirí agus réimsí téamacha na gníomhaíochta, is é sin, ní mór dóibh comhfhreagairt do cheann amháin nó níos mó de na réimsí téamacha a liostaítear thuas agus ní mór iad a mhionsonrú i dtuairisc ar an tionscadal lena gcumhdaítear an tréimhse chur chun feidhme ina hiomláine.

I gcomhthéacs na gníomhaíochta domhanda idirnáisiúnta sin, le gníomhaíochtaí tionscadail ní mór díriú ar inniúlachtaí eagraíochtaí atá gníomhach i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a thógáil agus a neartú go príomha sna tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a chumhdaítear leis an ngníomhaíocht.

Le tionscadail mhaoinithe beifear in ann réimse leathan gníomhaíochtaí comhair, malartaithe, cumarsáide agus gníomhaíochtaí eile a lánpháirtiú agus an méid seo a leanas san áireamh:

- Líonraí agus malartuithe dea-chleachtais a chruthú agus a fhorbairt idir soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár agus i mBallstáit an Aontais nó i dtíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár;
- Uirlisí, cláir agus ábhair eile a chruthú chun acmhainneacht institiúidí a fhorbairt ar institiúidí iad ó tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár (scéimeanna oiliúna praiticiúla, cláir agus uirlisí oiliúna chun measúnú a dhéanamh ar thorthaí foghlama sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint agus iad a bhailíochtú, pleananna gníomhaíochta aonair le haghaidh institiúidí rannpháirteacha; treoraíocht ghairmiúil agus modhanna comhairleoireachta agus cóitseála...);
- Sásraí a chruthú chun gur féidir leis an earnáil phríobháideach a bheith rannpháirteach i ndearadh agus i seachadadh curaclam agus chun taithí obairbhunaithe ardcháilíochta a sholáthar d'fhoghlaimeoirí VET;
- Cuir chuige oideolaíoch, ábhair agus modhanna teagaisc agus oiliúna a fhorbairt agus a aistriú, agus cuimsítear leis sin foghlaim obairbhunaithe, soghluaisteacht fhíorúil, acmhainní oscailte oideachais agus leas níos fearr a bhaint as acmhainneacht TFC;
- Gníomhaíochtaí malartaithe idirnáisiúnta (fíorúla) a fhorbairt agus a chur chun feidhme le haghaidh foirne go príomha (agus cuimsítear leis sin múinteoirí agus baill foirne neamhtheagaisc ar nós ceannairí scoile, bainisteoirí, comhairleoirí, treoirchomhairleoirí, srl.).

I gcás ina mbeartaítear gníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlaimeora agus foirne, ba cheart dóibh rannchuidiú go díreach le cuspóirí an tionscadail agus a bheith leabaithe go láidir i loighic an tionscadail ina hiomláine.

Ba cheart breisluach a bheith ag na gníomhaíochtaí atá beartaithe, agus beidh tionchar díreach acu ar bhaint amach thorthaí an tionscadail.

TOSAÍOCHTAÍ RÉIGIÚNACHA

Roinntear an buiséad atá ar fáil idir réigiúin éagsúla an domhain (is é sin na Balcáin Thiar, Comharsanacht an Oirthir, Tíortha i nDeisceart na Meánmhara, An Afraic Fho-Shahárach, Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib) agus ní ionann méid gach clúdach buiséadach. Foilseofar tuilleadh faisnéise maidir leis na méideanna atá le fáil faoi gach clúdach buiséadach ar an Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana (TDCT).

Tá líon áirithe tosaíochtaí socraithe ag an Aontas maidir le cothromaíocht gheografach agus cuspóirí sonracha. Ina theannta sin, spreagtar eagraíochtaí chun obair a dhéanamh le comhpháirtithe sna tíortha is boichte agus is lú forbairt nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár.

Is iad seo a leanas na tosaíochtaí réigiúnacha a leagadh síos don ghníomhaíocht sin:

Má bhaineann an t-iarratas le tír chomhpháirtíochta amháin nó níos mó de chuid ETF (an Fhondúireacht Eorpach Oiliúna)²⁹², ba cheart don togra fianaise a sholáthar ar fhreagra a thabhairt do mholtaí ETF a foirmíodh sna²⁹³ tuarascálacha réigiúnacha²⁹⁴ ábhartha de chuid phróiseas Torino.

Na Balcáin Thiar

- Tabharfar tosaíocht do thionscadail a chuireann lena Phlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta agus/nó le moltaí Fhondúireacht Oiliúna an Aontais Eorpaigh faoi phróiseas Torino (féach thuas);
- Tabharfar buntáiste do shoghluaisteacht foghlaimoírí (mic léinn) agus foirne (múinteoirí, oiliúnóirí, stiúrthóirí, bainisteoirí srl.).

Comharsanacht an Oirthir

- Tabharfar tosaíocht do thionscadail a chuireann lena Phlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta agus/nó le moltaí Fhondúireacht Oiliúna an Aontais Eorpaigh faoi phróiseas Torino (féach thuas).

Tíortha i nDeisceart na Meánmhara

- Tabharfar tosaíocht do thionscadail a chuireann lena Phlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta agus/nó le moltaí Fhondúireacht Oiliúna an Aontais Eorpaigh faoi phróiseas Torino (féach thuas).

An Afraic Fho-Shahárach

- Tabharfar tosaíocht do thíortha is lú forbairt; cuirfear béim speisialta chomh maith ar thíortha tosaíochta imirce; ní bheidh rochtain ag tír ar bith ar níos mó ná 8 % den mhaoiniú atá beartaithe don Réigiún;
- Tabharfar tosaíocht do thionscadail a chuireann leis na Cláir Ilbhliantúla Tháscacha gheografacha faoi seach²⁹⁵ ar leibhéal na tíre nó an réigiúin.

Meiriceá Laidineach

- Tabharfar tosaíocht do thionscadail réigiúnacha (tionscadail ina bhfuil níos mó ná tír incháilithe amháin nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár) nó do thionscadail i dtíortha ar ioncam íseal agus ar mheánioncaim uachtarach;
- Tabharfar tosaíocht do thionscadail a chuireann leis an gClár Ilbhliantúil Táscach geografach faoi seach²⁹⁶ ar leibhéal na tíre nó an réigiúin.

Muir Chairib

- Tabharfar tosaíocht do thionscadail réigiúnacha (tionscadail ina bhfuil níos mó ná tír incháilithe amháin nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil bainteach leis an gClár) nó do thionscadail i dtíortha is lú forbairt, ar ioncam íseal agus ar mheánioncaim uachtarach;

²⁹² Seachas an Bhealarúis agus tíortha na hÁise Láir nach bhfuil incháilithe faoin ngníomhaíocht seo.

²⁹³ Próiseas rannpháirteach is ea Próiseas Torino (TRP) a bhfuil anailís fhianaisebhunaithe ar na beartais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna i dtír áirithe mar thoradh air. Tugann Próiseas Torino, a tugadh isteach in 2010 agus a chuirtear i bhfeidhm gach 2 bhliain, léargas ar staid forbartha na gcóras VET i dtíortha chomhpháirtíochta ETF, forbhreathnú ar an dul chun cinn a rinneadh agus tosaíochtaí don todhchaí.

²⁹⁴ <https://www.etf.europa.eu/en/publications-and-resources/publications/policies-human-capital-development-southern-and-eastern>;

<https://www.etf.europa.eu/en/publications-and-resources/publications/policies-human-capital-development-eastern-partnership-etf>;

<https://www.etf.europa.eu/en/publications-and-resources/publications/policies-human-capital-development-south-eastern-europe-and>

²⁹⁵ https://ec.europa.eu/international-partnerships/global-europe-programming_en

²⁹⁶ Mar atá thuas

- Tabharfar tosaíocht do thionscadail a chuireann leis an gClár Ilbhliantúil Tásach geografach faoi seach²⁹⁷ ar leibhéal na tíre nó an réigiúin.

I gcás go bhfreastalófar ar na tosaíochtaí réigiúnacha thuas, beidh ar thionscadail an chaoi agus a mhéid a ndéanann siad amhlaidh a léiriú.

TIONSCADAL A BHUNÚ

Tá ceithre chéim i dtionscadal fothaithe acmhainneachta i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna (VET):

- Sainaithint agus tionscnamh an tionscadail;
- Ullmhú, dearadh agus pleanáil an tionscadail;
- Cur chun feidhme an tionscadail agus monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí;
- Athbhreithniú agus measúnú tionchair i ndáil leis an tionscadal.

Tabhair faoi deara bíodh is gur féidir tús a chur le gníomhaíochtaí ullmhúcháin sula gcuirtear an togra isteach nó sula roghnaítear le haghaidh maoiniú é, ní féidir costais a thabhtú ná gníomhaíochtaí a chur chun feidhme ach amháin tar éis shíniú an chomhaontaithe deontais.

Ní mór d’eagraíochtaí rannpháirteacha agus rannpháirtithe atá páirteach sna gníomhaíochtaí ról gníomhach a ghlacadh sna céimeanna sin uile, rud a chuirfidh feabhas ar a n-eispéireas foghlama.

▪ Sainaithint agus tionscnamh

Fadhb, riachtanas nó deis ar ar féidir leat aghaidh a thabhairt a shainaithint le do smaoineamh tionscadail i gcomhthéacs an ghlaio; na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhthorthaí lena bhféadfar coinne a bheith leo a shainaithint; na geallsealbhóirí ábhartha agus comhpháirtithe féideartha a mhapáil; cuspóir nó cuspóirí an tionscadail a fhoirmliú; ailíniú an tionscadail le cuspóirí straitéiseacha na n-eagraíochtaí rannpháirteacha a áirithiú; tabhairt faoi phleanáil tosaigh chun tús maith a chur leis an tionscadal, agus an t-eolas is gá a chur le chéile chun dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile srl.

▪ Ullmhú, dearadh agus pleanáil

Raon feidhme an tionscadail agus an cur chuige iomchuí a shonrú; an mhodheolaíocht atá beartaithe a leagan amach go soiléir agus comhsheasmhacht á háirithiú idir cuspóirí agus gníomhaíochtaí an tionscadail; cinneadh a dhéanamh ar sceideal le haghaidh na gcúraimí lena mbaineann; meastachán a dhéanamh ar na hacmhainní is gá agus mionsonra an tionscadail a fhorbairt mar shampla measúnú ar riachtanais; cuspóirí agus táscairí tionchair fóna a shainmhíniú (atá sonrach, intomhaiste, indéanta, réalaíoch agus faoi cheangal ama); torthaí tionscadail agus foghlama a shainaithint; an clár oibre, formáidí gníomhaíochta, an tionchar lena bhfuil coinne, an buiséad foriomlán measta a fhorbairt; plean cur chun feidhme tionscadail agus plean cumarsáide fóna agus réalaíoch a ullmhú lena n-áirítear gnéithe straitéiseacha den tionscadal a bhaineann le rialachas, monatóireacht, rialú cáilíochta, tuairisciú agus scaipeadh torthaí; socrúithe praiticiúla a shainiú agus deimhniú an spriocghrúpa nó na spriocghrúpaí le haghaidh na ngníomhaíochtaí atá beartaithe; comhaontuithe a chur ar bun le comhpháirtithe agus an togra a scríobh srl.

²⁹⁷ Mar atá thuas

- **Cur chun feidhme agus monatóireacht ar ghníomhaíochtaí**

Cur chun feidhme an tionscadail a dhéanamh de réir pleananna lena gcomhlíontar ceanglais maidir le tuairisciú agus cumarsáid; monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí leanúnacha agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an tionscadail de réir pleananna tionscadail; gníomhaíocht cheartaitheach a shainaithint agus a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar chlaontaí ó phleananna agus chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistean agus rioscaí; neamh-chomhréireachtaí a shainaithint leis na caighdeáin cháilíochta atá leagtha síos agus gníomhaíochtaí ceartaitheacha a dhéanamh srl.

- **Athbhreithniú agus measúnú tionchair**

Measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an tionscadail de réir chuspóirí an tionscadail agus pleananna cur chun feidhme; meastóireacht ar na gníomhaíochtaí agus ar a dtionchar ar leibhéil éagsúla, torthaí an tionscadail a chomhroinnt agus a úsáid, srl.

Ina theannta sin, i gcás inarb iomchuí, agus i dtéarmaí comhréireacha, beidh coinne leis go ndéanadh tionscadail:

- Plean gníomhaíochta fadtéarmach a chomhtháthú le haghaidh rolladh amach céimneach tháirgí insoláthartha an tionscadail nuair a bheidh deireadh tagtha leis an tionscadal (bunaithe ar chomhpháirtíochtaí leanúnacha) mar shampla bearta um inscálaitheacht agus inbhuanaitheacht airgeadais;
- Infheictheacht iomchuí agus scaipeadh forleathan thorthaí an tionscadail a chinntiú ar leibhéil trasnáisiúnta, náisiúnta agus/nó réigiúnacha le comhpháirtithe ábhartha.

Gnéithe cothrománacha le cur san áireamh agus do thionscadal á dhearadh

I dteannta na critéir fhoirmiúla a chomhlíonadh agus socrú comhair inbhuanaithe a chur ar bun le gach comhpháirtí tionscadail, is féidir go rannchuideoidh na gnéithe seo a leanas le cur le tionchar agus cur chun feidhme cáilíochtúil tionscadal fothaithe acmhainneachta ar fud na gcéimeanna éagsúla den tionscadal.

Moltar d'iaratasóirí (comhordaitheoir agus comhpháirtithe iomlána) na deiseanna agus na héirimí sin a chur san áireamh agus a dtionscadal á dhearadh acu.

- **An cuimsiú agus an éagsúlacht**

Tacaíonn an Clár le tionscadail lena gcuirtear an cuimsiú sóisialta chun cinn agus arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar an bhfor-rochtain do dhaoine a bhfuil níos lú deiseanna acu, cuir i gcás daoine faoi mhíchumas agus daoine ag a bhfuil cúlra imirceach, chomh maith le daoine atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus iargúlta, daoine a bhfuil deacrachtaí socheacnamaíocha acu nó aon fhoinsé fhéideartha neamh-idirdhealaithe eile bunaithe ar inscne, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéis. Beidh na tionscadail ina gcuidiú chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní atá roimh na grúpaí sin chun deiseanna a thairgtear leis an gClár a rochtain, chomh maith le rannchuidiú le timpeallachtaí cuimsitheacha a chruthú a chothaíonn cothroime agus cothromas, agus atá freagrúil do riachtanais an phobail i gcoitinne.

- **Inbhuaine comhshaoil**

Tacaíonn an Clár le feasacht a ardú faoi dhúshláin chomhshaoil agus athraithe aeráide. Moltar do thionscadail inniúlachtaí in earnálacha inbhuanaitheachta éagsúla, scileanna, straitéisí agus modheolaíochtaí earnála glasa chomh maith le curaclaim atá dírithe ar an todhchaí agus lena bhfreastalaítear ar bhealach níos fearr ar riachtanais daoine aonair a fhorbairt. Tacaíonn an Clár freisin le tástáil cleachtas nuálach chun foghlaimoirí agus soláthraithe an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna (VET) a ullmhú le bheith ina bhfiorghníomhairí don athrú (mar shampla acmhainní a shábháil, úsáid fuinnimh agus dramhaíola a laghdú, astaíochtaí an loirg carbóin a chúiteamh, glacadh le roghanna bia agus soghluaisteachta inbhuanaithe, srl.).

▪ **An éirim dhigiteach**

Tacaíonn an Clár leis na pleananna claochlaithe dhigitigh de chuid institiúidí bunoidreachais, meánoideachais, an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna (VET). Cothaíonn sé úsáid fhreagrach agus shábháilte teicneolaíochtaí digiteacha. Cuimsítear leis sin forbairt oideolaíochta agus saineolais dhigitigh in úsáid uirlisí digiteacha, agus teicneolaíochtaí inrochtana agus cúnta san áireamh chomh maith le cruthú agus úsáid nuálach inneachair oideachais dhigitigh.

▪ **Luachanna coiteanna, rannpháirteachas saoránach agus rannpháirtíocht**

Tacaíonn an Clár leis an tsaoránacht ghníomhach agus leis an eitic san fhoghlaím ar feadh an tsaoil. Ba cheart do thionscadail deiseanna a thairiscint do rannpháirtíocht daoine sa saol daonlathach agus do rannpháirtíocht shóisialta agus shaoránach. Díreofar freisin ar fheasacht a mhúscailt ar chomhthéacs an Aontais Eorpaigh agus ar an tuiscint ar an gcomhthéacs sin a mhéadú, go háirithe a mhéid a bhaineann le luachanna coiteanna an Aontais, prionsabail na haontachta agus na héagsúlachta, chomh maith lena bhféiniúlacht chultúrtha, lena bhfeasacht chultúrtha agus lena n-oidhreacht shóisialta agus stairiúil.

CÉ NA CRITÉIR ATÁ LE COMHLÍONADH CHUN IARRATAS A DHÉANAMH AR THIONSCADAL FOTHAITHE ACMHAINNEACHTA I RÉIMSE AN GHAIRMOIDEACHAIS AGUS NA GAIRMOILIÚNA?

CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Chun bheith incháilithe le haghaidh deontas Erasmus, ní mór na critéir seo a leanas a chomhlíonadh le tograí tionscadail le haghaidh forbairt acmhainneachta i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna:

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Aon eagraíocht phoiblí nó phríobháideach atá gníomhach i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna (VET) agus atá bunaithe go dlíthiúil i mBallstát den Aontas Eorpach nó i dtír incháilithe nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár (féach Cuid A den Treoir seo). Ní féidir le heagraíochtaí ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a bheith ina gcomhordaitheoirí. Is é an comhordaitheoir a dhéanann iarratas thar ceann na n-eagraíochtaí rannpháirteacha uile atá páirteach sa tionscadal.
---	---

Cé na cineálacha eagraíochtaí atá incháilithe le bheith rannpháirteach sa tionscadal?	Ní mór do gach eagraíocht rannpháirteach a bheith gníomhach i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna nó sa mhargadh saothair. Is féidir léi páirt a ghlacadh mar chomhpháirtí iomlán, eintiteas cleamhnaithe nó chomhpháirtí comhlachaithe agus ní mór di a bheith bunaithe i mBallstát den Aontas Eorpach nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár (féach Cuid A den Treoir seo), nó i dtír incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár (féach thíos). Tíortha incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár don ghníomhaíocht seo: ▪ Na tíortha go léir nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár i Réigiúin 1, 2, 3, 9, 10 agus 11 (féach Cuid A den Treoir seo); Eisceacht: níl eagraíochtaí ón mBealarúis (Réigiún 2) incháilithe chun páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht seo. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist le heagraíochtaí den chineál sin (ní liosta uileghabhálach atá ann): ▪ Soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna; ▪ Cuideachtaí, eagraíochtaí ionadaíocha tionscail nó earnála; ▪ Údaráis cáilíochtaí náisiúnta/réigiúnacha; ▪ Seirbhísí fostaíochta ; ▪ Institiúidí taighde; ▪ Gníomhaireachtaí nuálaíochta; ▪ Údaráis forbartha réigiúnaí srl. Is féidir le comhpháirtithe comhlachaithe páirt a ghlacadh sa mhéid is a léiríonn siad go gcuireann a gcuid rannpháirtíochta luach sa bhreis atá riachtanach leis an tionscadal (mar shampla cur chun feidhme tascanna/gníomhaíochtaí tionscadail sonracha nó tacaíocht um scaipeadh agus inbhuanaitheacht an tionscadail). Le haghaidh saincheistenna bainistíochta conarthacha, meastar nach comhpháirtithe tionscadail iad comhpháirtithe comhlachaithe agus ní fhaigheann siad aon mhaoiniú.
---	---

Líon agus próifíl na n--rannpháirteacha	Bíonn tionscadail fothaithe acmhainneachta trasnáisiúnta agus ní mór ceithre eagraíocht (comhordaitheoir agus comhpháirtithe iomlána) ar a laghad a bheith páirteach iontu ó thrí thír ar a laghad: 1. 1 eagraíocht ar a laghad as 2 Bhallstát dhifriúla den Aontas agus 2 eagraíocht ar a laghad as 1 tír ar a laghad nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, nó 2. 1 eagraíocht ar a laghad as 2 thír dhifriúla nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár agus 2 eagraíocht ar a laghad as 1 tír incháilithe ar a laghad nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, nó 3. 1 eagraíocht ar a laghad as Ballstát den Aontas Eorpach agus 1 eagraíocht ó thír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár agus 2 eagraíocht ar a laghad as 1 tír incháilithe ar a laghad nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. Ní mór don chuibhreannas soláthraí gairmoideachais agus gairmoiliúna (VET) amháin ar a laghad, ar leibhéal an oideachais neamhthreasaigh, a chuimsiú. Ní fhéadfaidh líon na n-eagraíochtaí ó Bhallstáit den Aontas Eorpach agus ó thíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár a bheith níos airde ná líon na n-eagraíochtaí ó thíortha incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. Ní chuirtear eintitis chleamhnaithe agus comhpháirtithe comhlachaithe san áireamh mar chuid de na ceanglais thuas.
Ionad na ngníomhaíochtaí	Ní mór gach gníomhaíocht a reáchtáil i dtíortha na n-eagraíochtaí atá rannpháirteach sa tionscadal seachas i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus a bhaineann le cuspóirí na ngníomhaíochta. Ina theannta sin, i gcás ina bhfuil údar cuí leis i ndáil le cuspóirí nó cur chun feidhme an tionscadail: • Féadfar gníomhaíochtaí a reáchtáil ag suíomh Institiúide de chuid an Aontais Eorpaigh freisin, fiú amháin más fíor nach bhfuil sa tionscadal aon eagraíocht rannpháirteach ón tír a óstálann an Institiúid; • Féadfar gníomhaíochtaí lena mbaineann comhroinnt agus cur chun cinn torthaí a reáchtáil freisin ag imeachtaí/comhdhálacha trasnáisiúnta téamacha ábhartha i mBallstáit den Aontas Eorpach nó i dtíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtíortha incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár.
Fad an tionscadail	Ba cheart tréimhse 12, 24 nó 36 mhí a bheith i gceist leis na tionscadail (is féidir síneadh a chur leis an tréimhse sin, le leasú, má tá údar cuí leis). Ní mór an fad a roghnú ag céim an iarratais, bunaithe ar chuspóir an tionscadail agus ar an gcineál gníomhaíochtaí atá beartaithe le himeacht aimsire.
Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh?	Faoi bhráid na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr (EACEA). Uimhir aitheantais an Ghlaio: ERASMUS-EDU-2023-CB-VET
Cathain is féidir iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí an t-iarratas ar dheontas a chur isteach faoin 28 Feabhra ar 17:00:00 (am na Bruiséile).
Critéir eile	Ní fhéadfaidh an comhordaitheoir céanna ach togra amháin a chur isteach in aghaidh an sprioc-ama. Má chuireann an comhordaitheoir céanna níos mó ná togra amháin isteach, ní dhéanfar ach an ceann is túisce a chuirtear isteach a chur san áireamh agus diúltófar go huathoibríoch don cheann eile nó do na cinn eile.

Déanfar measúnú ar eagraíochtaí is iarratasóirí de réir na gcritéar eisiaimh agus roghnúcháin ábhartha. Chun breis faisnéise a fháil féach Cuid C den Treoir seo.

TIONCHAR MEASTA

Ba cheart do na tionscadail a dtabharfar deontas dóibh a dtionchar measta a léiriú trí na torthaí seo a leanas a bhaint amach:

- Naisc níos fearr a chruthú idir tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe le Clár chóras an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna (VET) agus a mhargadh saothair;
- Naisc idir bpróifílí an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna (VET) agus straitéisí agus tosaíochtaí áitiúla/réigiúnacha/náisiúnta a fheabhsú;
- Inniúlachtaí sholáthraithe an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna (VET) go háirithe i réimsí na bainistíochta, an rialachais, an chuimsitheacht, an dearbhaithe cáilíochta, an nuálaíochta agus an idirnáisiúnaithe a fheabhsú;
- Teagmháil a mhéadú idir foirne, bainisteoirí, lucht ceaptha beartas agus múinteoirí sinsearacha agus cuir chuige a ghlacann an margadh saothair agus an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint (VET) níos gaire dá chéile;
- Eolas, scileanna teicniúla, bainistíochta agus oideolaíochta múinteoirí agus oiliúnóirí an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna (VET) a fheabhsú;
- Ionchur níos fearr ó mhúinteoirí/oiliúnóirí, foghlaimeoirí agus fhostóirí an ghairmoideachais agus na gairmiúla (VET) maidir le curaclam, dearadh próifíle agus leasú oiliúna;
- Leibhéal inniúlachtaí, scileanna agus infhostaitheachta fhéideartha ag foghlaimeoirí an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna (VET) a fheabhsú;
- Comhar méadaithe ar fud réigiúin éagsúla den domhan trí thionscnaimh chomhpháirtíochta;
- Inniúlachtaí na n-eagraíochtaí rannpháirteacha maidir leis an inbhuaine comhshaoil a fhorbairt;
- Scileanna agus inniúlachtaí digiteacha an spriocphobail a fheabhsú trí ghníomhaíochtaí agus trí thionscnaimh oiriúnacha;
- Inniúlachtaí sóisialta agus idirchultúrtha i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna (VET) a mhéadú.

CRITÉIR DHÁMHACHTANA

Ní mór go bhfreagraítear i ngach togra na pointí go léir i gcuid B den iarratas a liostaítear faoi na ceithre chritéar dhámhachtana uile a chuirtear in iúl thíos.

Ábharthacht an tionscadail (scór uasta 30 pointe)	▪ Nasc le réimsí téamacha: ábharthacht an togra maidir le cuspóirí agus le réimsí téamacha na gníomhaíochta; ▪ Tosaíochtaí réigiúnacha: tugann an togra aghaidh ar na tosaíochtaí réigiúnacha, agus doiciméid pholasaí ábhartha a liostaítear faoin ngníomhaíocht sin san áireamh; ▪ Comhthéacs áitiúil: tá an togra bunaithe ar anailís riachtanas oiriúnach atá indéanta i gcomhthéacs áitiúil na spriocthíre(spriocthíortha); ▪ Comhsheasmhacht: sainítear cuspóirí an iarratais go soiléir, tá siad réalaithe, agus tugtar aghaidh leo ar shaincheisteanna atá ábhartha maidir leis na heagraíochtaí rannpháirteacha agus leis na spriocghrúpaí; ▪ Nuálaíocht: cuirtear modhanna agus teicnící úrscothacha san áireamh sa togra, agus tá mar thoradh air torthaí agus réitigh nuálacha le haghaidh a réimse go ginearálta, nó le haghaidh an chomhthéacs gheografaigh ina gcuirtear an tionscadal chun feidhme (mar shampla inneachar; na haschuir a táirgeadh, na modhanna oibre a cuireadh i bhfeidhm, na heagraíochtaí nó na daoine lena mbaineann nó atá spriocdhírthe); ▪ Comhlántacht: tá an togra comhlántach ar thionscnaimh eile atá déanta ag na heagraíochtaí rannpháirteacha cheana féin; ▪ Fothú acmhainneachta: sainítear na gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta go soiléir agus is é is aidhm dóibh inniúlachtaí na n-eagraíochtaí rannpháirteacha go príomha ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a threisiú; ▪ Nasc le straitéisí: inscríobhtar na gníomhaíochtaí i straitéisí forbartha spriocsholáthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna (VET) agus i straitéisí tacaíochta ar leibhéal na tíre, cuir i gcás aird níos mó ar infhostaitheacht, chuimsitheacht, éagsúlacht agus rannpháirtithe atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch nuair is ábhartha; ▪ Gnéithe cothrománacha: cuirtear gnéithe cothrománacha an Chláir san áireamh.
---	---

Cáilíocht dhearadh agus chur chun feidhme an tionscadail (scór uasta 30 pointe)	▪ Comhleanúnachas: áirithítear leis an dearadh foriomlán tionscadail comhsheasmhacht idir cuspóirí an tionscadail, gníomhaíochtaí agus an buiséad atá beartaithe. Cuirtear i láthair sa togra tacar comhleanúnach cuimsitheach gníomhaíochtaí agus seirbhísí iomchuí chun freastal ar na riachtanais shainaitheanta agus chun na torthaí a bhfuil coinne leo a bhaint amach. Is ann do chéimeanna iomchuí d'ullmhú, cur chun feidhme, monatóireacht, saothrú, meastóireacht agus scaipeadh; ▪ Modheolaíocht: oiriúnacht agus cáilíocht na modheolaíochta atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais a shainithnítear; ▪ Plean oibre: cáilíocht and éifeachtacht an phlean oibre, mar shampla a mhéid atá na hacmhainní atá sannta do phacáistí oibre i gcomhréir lena gcuspoirí agus lena dtáirgí insoláthartha; ▪ Modhanna foghlama seachfhoirmiúla: cáilíocht na modhanna foghlama seachfhoirmiúla atá beartaithe - más infheidhme, is é sin má mholtar modhanna foghlama seachfhoirmiúla san iarratas; ▪ Roghnú na rannpháirtithe: cáilíocht na socruithe maidir le roghnú na rannpháirtithe atá páirteach i ngníomhaíochtaí an togra i ndáil le cuspóirí cuimsitheachta agus éagsúlachta; ▪ Aitheantas agus bailíochtú: cáilíocht na socruithe chun torthaí foghlama na rannpháirtithe a aithint agus a bhailíochtú chomh maith le húsáid chomhleanúnach uirlisí trédhearcachta agus aitheantais Eorpacha; ▪ Bearta rialála cáilíochta: bearta rialaithe cáilíochta a bheith ann agus a n-ábharthacht lena áirithiú go mbeidh cur chun feidhme an tionscadail ar ardcháilíocht, agus go gcríochnófar in am é agus go gcloífear leis an mbuiséad; ▪ Cost-éifeachtacht: a mhéid atá an tionscadal costéifeachtach agus a leithdháiltear acmhainní iomchuí ar gach gníomhaíocht leis; ▪ Gníomhaíochtaí soghluaisteachta: oiriúnacht na mbeart chun rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí soghluaisteachta a roghnú agus/nó chun go mbeidh siad rannpháirteach iontu (déan tagairt do 'Cosaint, sláinte agus sábháilteacht na rannpháirtithe' i gcuid A den Treoir seo chomh maith le ceanglais agus moltaí eile is infheidhme maidir le tionscadal soghluaisteachta PG1.) - más infheidhme, is é sin go bhfuil gníomhaíochtaí soghluaisteachta mar chuid den iarratas.
Cáilíocht na comhpháirtíochta agus na socruithe comhair (scór uasta 20 pointe)	▪ Cumraíocht: mar chuid den togra tá meascán iomchuí d'eagraíochtaí rannpháirteacha comhlántacha ag a bhfuil an phróifíl, an taithí agus an saineolas is gá chun gach gné den tionscadal a chur i gcrích go rathúil; ▪ Gealltanais: leis an dáileadh freagrachtaí agus cúraimí léirítear gealltanais agus rannchuidiú gníomhach na n-eagraíochtaí rannpháirteacha uile. ▪ Comhar: sásraí éifeachtacha a bheith ann le haghaidh an chomhair agus na cumarsáide idir na heagraíochtaí rannpháirteacha agus le geallsealbhóirí ábhartha eile chomh maith leis sin.

Tionchar (scór uasta 20 pointe)	▪ Tionchar: tionchar féideartha an tionscadail: - ar rannpháirtithe agus eagraíochtaí rannpháirteacha le linn shaolré an tionscadail agus ina dhiaidh sin; - lasmuigh de na heagraíochtaí agus ar dhaoine aonair atá go díreach rannpháirteach sa tionscadal, ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta; ▪ Scaipeadh: cáilíocht an phlean scaipthe: a iomchuí atá na bearta, agus cáilíocht na mbeart, arb é is aidhm dóibh torthaí an tionscadail a chomhroinnt laistigh agus lasmuigh de na heagraíochtaí rannpháirteacha; ▪ Saothrú: léirítear leis an togra conas a úsáidfí na comhpháirtithe agus geallsealbhóirí eile torthaí an tionscadail seo. Déanann sé cur síos ar bhearta saothraithe laistigh de shaolré an tionscadail agus ina dhiaidh sin; ▪ Rochtain oscailte: tugtar tuairisc sa togra ar an gcaoi a ndéanfar na hábhair, na doiciméid agus na meáin a tháirgfear a chur ar fáil gan srian agus a chur chun cinn trí cheadúnais oscailte, agus nach bhfuil teorainneacha díréireacha ann; ▪ Inbhuanaitheacht: cáilíocht na bpleananna chun inbhuanaitheacht an tionscadail a áirithiú: an acmhainneacht atá ann leanúint de thionchar a bheith aige agus torthaí a tháirgeadh nuair a bheidh an deontas ón Aontas ídithe.
---	---

Ní mór 60 pointe ar a laghad (as 100 pointe san iomlán) a bhaint amach le togra chun go gcuirfear san áireamh le haghaidh maoiniúcháin é.

Ina theannta sin, ní mór dóibh leath na bpointí scóir uasta ar a laghad a ghnóthú i ngach ceann de na ceithre chritéar dhámhachtana thuasluaite (is é sin 15 phointe ar a laghad le haghaidh ‘ábharthacht an tionscadail’ agus ‘cáilíocht dheardh agus chur chun feidhme an tionscadail’; 10 bpointe le haghaidh na gcatagóirí ‘cáilíocht na comhpháirtíochta agus na socruithe comhair’ agus ‘tionchar’).

I gcásanna ina bhfaigheann dhá iarratas nó níos mó an scór iomlán céanna (cásanna *ex aequo*), tabharfar tosaíocht do na scóir is airde le haghaidh ‘ábharthacht an tionscadail’ agus ansin ‘tionchar’.

FAISNÉIS BHREISE

Ní hionann glacadh le hiarratas agus gealltanas go ndámhfar maoiniú cothrom leis an méid a d'iarr na hiarratasóirí. Féadfar an maoiniú a iarradh a laghdú ar bhonn na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an ngníomhaíocht agus le torthaí an mheasúnaithe.

Mar riail ghinearálta, agus laistigh de theorainneacha na gcreataí dlíthiúla náisiúnta agus Eorpacha atá ann cheana, ba cheart na torthaí a chur ar fáil mar acmhainní oscailte oideachais (OER) agus, chomh maith leis sin, ar ardáin údarás ábhartha, gairmiúil, earnála nó inniúil. Tabharfar tuairisc sa togra ar an gcaoi a ndéanfar na sonraí, na hábhair, na doiciméid agus na gníomhaíochtaí closamhairc agus meán sóisialta a tháirgfear a chur ar fáil gan srian agus a chur chun cinn trí cheadúnais oscailte, agus ní bheidh teorainneacha díréireacha ann.

CAD IAD NA RIALACHA CISTIÚCHÁIN ATÁ ANN?

Leanann an ghníomhaíocht seo samhail cistiúcháin cnapshuime. Cinnfear méid na ranníocaíochta cnapshuime aonair le haghaidh gach deontais bunaithe ar bhuiséad measta na gníomhaíochta atá beartaithe ag na hiarratasóirí. Socróidh an t-údarás deonúcháin cnapshuim gach deontais bunaithe ar an togra, ar an toradh meastóireachta, ar na rátaí cistiúcháin agus ar uasmhéid an deontais atá socraithe sa ghla.

Beidh an deontas ón Aontas in aghaidh an tionscadail idir **EUR 100 000 ar a laghad agus EUR 400 000 ar a mhéad**

Conas a chinntear cnapshuim an tionscadail?

Ní mór d'iarratasóirí tábla buiséid mionsonraithe a líonadh isteach de réir na foirme iarratais, agus na pointí seo a leanas á gcur san áireamh:

- e) Ba cheart an buiséad a bheith mionsonraithe mar is gá ag an tairbhí/na tairbhithe agus eagraithe i bpacáistí oibre comhleanúnacha (mar shampla roinnte i 'bainistíocht tionscadail', 'oiliúint', 'eagrú imeachtaí', 'ullmhú agus cur chun feidhme na soghluaisteachta', 'cumarsáid agus scaipeadh', 'dearbhu cáilíochta', srl.);
- f) Leis an togra ní mór tuairisc a thabhairt ar na gníomhaíochtaí a chumhdaítear le gach pacáiste oibre;
- g) Ní mór d'iarratasóirí miondealú ar an gcnaphuim a sholáthar ina dtogra lena léirítear an scair in aghaidh an phacáiste oibre (agus, laistigh de gach pacáiste oibre, an scair atá sannta do gach tairbhí agus eintiteas cleamhnaithe);
- h) Sna costais ar a dtugtar tuairisc is féidir costais ball foirne, costais taistil agus chothaithe, costais trealaimh agus fochonraitheoireachta mar aon le costais eile (amhail scaipeadh faisnéise, foilsiú, aistriú) a chumhdach.

Déanfar meastóireacht ar thograí de réir na nósanna imeachta meastóireachta caighdeánacha le cuidiú ó shaineolaithe inmheánacha agus/nó seachtracha. Déanfaidh na saineolaithe measúnú ar cháilíocht na dtograí de réir na gceanglas a shainítear sa ghlaao agus thionchar, cháilíocht agus éifeachtúlacht mheasta na gníomhaíochta. I ndiaidh na meastóireachta ar an togra, cinntí an t-oifigeach údarúcháin méid na cnapshuime, agus torthaí an mheasúnúcháin a rinneadh á gcur san áireamh. Beidh an chnapshuim teoranta do 80 % ar a mhéad den bhuiséad measta a chinntear tar éis na meastóireachta.

Socrófar paraiméadair an deontais (uasmhéid deontais, ráta cistiúcháin, costais incháilithe iomlána, srl.) sa chomhaontú deontais. Ní cheadaítear tacaíocht airgeadais do thríú páirtithe. Cheadaítear costais oibrithe deonacha agus FBManna. Féach Cuid C den Treoir Cláir seo, an roinn 'Costais dhíreacha incháilithe'.

Déanfar meastóireacht ar éachtaí an tionscadail de réir na dtorthaí a chuirtear i gcrích. Leis an scéim cistiúcháin, d'fhéadfaí díriú ar na haschuir seachas ar na hionchuir, rud a chuirfeadh béim ar cháilíocht agus leibhéal gnóthachtála cuspóirí intomhaiste.

Tugtar tuairisc ar níos mó mionsonraí i samhail an chomhaontaithe deontais atá le fáil ar an Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana (TDCT).

FOTHÚ ACMHAINNEACHTA I RÉIMSE NA HÓIGE

Is éard atá i dtionscadail fothaithe acmhainneachta tionscadail comhair idirnáisiúnta atá bunaithe ar chomhpháirtíochtaí iltaobhacha idir eagraíochtaí atá gníomhach i réimse na hóige i dtíortha an Chláir agus i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. Is é is aidhm dóibh tacú leis an gcomhar idirnáisiúnta agus leis an idirphlé beartais i réimse na hóige agus na foghlama seachfhoirmiúla, mar thiománaí na forbartha socheacnamaíche inbhuanaithe agus folláine eagraíochtaí óige agus daoine óga.

CUSPÓIRÍ NA GNÍOMHAÍOCHTA

Is é is aidhm don ghníomhaíocht:

- inniúlacht eagraíochtaí atá ag obair le daoine óga lasmuigh den fhoghlaím fhoirmiúil a mhéadú;
- gníomhaíochtaí foghlama seachfhoirmiúla a chur chun cinn i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, lena ndírítear go háirithe ar dhaoine óga ar lú na deiseanna atá acu, d'fhonn feabhas a chur ar an leibhéal inniúlachtaí agus rannpháirtíocht ghníomhach daoine óga sa tsochaí á cinníú;
- tacú le forbairt na hoibre óige i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, agus feabhas á chur ar a cáilíocht agus ar a haitheantas;
- forbairt, tástáil agus seoladh scéimeanna agus chlár na soghluaisteachta foghlama seachfhoirmiúla a chothú i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár;
- rannchuidiú le cur chun feidhme Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh (2019- 2027), cuir i gcás an 11 sprioc Eorpach don Óige, agus Plean Gníomhaíochta na hÓige i nGníomhaíocht Sheachtrach an Aontais;
- an comhar a chothú ar fud réigiúin éagsúla den domhan trí thionscnaimh chomhpháirtíochta;
- feabhas a chur ar shineirgí agus comhlántacht le córais oideachais fhoirmiúil agus/nó an margadh saothair;

RÉIMSÍ TÉAMACHA / CUSPÓIRÍ SONRACHA

Le tograí ba cheart aghaidh a thabhairt ar cheann amháin nó níos mó de na réimsí téamacha seo a leanas:

- rannpháirtíocht pholaitiúil, rannpháirtíocht shibhialta agus idirphlé le cinnteoirí;
- cuimsiú daoine óga ar lú na deiseanna atá acu;
- daonlathas, smacht reachta agus luachanna;
- cumhachtú / rannpháirtíocht / infhostaitheacht daoine óga;
- síocháin agus athmhuintearas iarchoinbhleachta;
- an comhshaol agus an t- aeráid;
- an t- idirdhealú agus an comhionannas inscne;
- scileanna digiteacha agus fiontraíochta.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Ní mór do na gníomhaíochtaí a mholtar a bheith nasctha go díreach le cuspóirí ginearálta agus sonracha na gníomhaíochta, is é sin, ní mór dóibh comhfhreagairt do cheann amháin nó níos mó de na réimsí téamacha a liostaítear thuas agus ní mór iad a mhionsonrú i dtuairisc ar an tionscadal lena gcumhdaítear an tréimhse chur chun feidhme iomlán. Ar deireadh, i gcomhthéacs na gníomhaíochta domhanda idirnáisiúnta sin, le gníomhaíochtaí tionscadail ní mór díriú ar inniúlachtaí **eagraíochtaí óige agus daoine óga a thógáil agus a neartú go príomha sna tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a chumhdaítear leis an ngníomhaíocht.**

Le tionscadail mhaoinithe beifear in ann **réimse leathan gníomhaíochtaí comhair, malartaithe, cumarsáide agus gníomhaíochtaí eile** a lánpháirtiú lena ndéantar an méid seo a leanas:

- rannchuidiú le hidirphlé beartais, comhar, líonrú agus malartuithe cleachtas a spreagadh;

- an comhar straitéiseach a chur chun cinn idir eagraíochtaí óige ar thaobh amháin agus údarais phoiblí, go háirithe i dtíortha incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár;
- an comhar a chur chun cinn idir eagraíochtaí óige agus eagraíochtaí atá gníomhach i réimse an oideachais agus na hoiliúna agus le heagraíochtaí ón margadh saothair chomh maith leis sin;
- inniúlachtaí comhairlí óige, ardán óige agus údarás áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta a dhéileáil leis an óige a mhéadú, go háirithe i dtíortha incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár;
- bainistíocht, rialachas, nuálaíocht, inniúlacht, ceannaireacht agus idirnáisiúnú eagraíochtaí óige a fheabhsú, go háirithe i dtíortha incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár;
- tacú le forbairt feachtas faisnéise agus feasachta, chomh maith le forbairt faisnéise, cumarsáide agus uirlisí meán;
- cuidiú le modhanna, uirlisí agus ábhair oibre óige a fhorbairt, mar shampla tionscnaimh um thionscadail chomhchruthaithe agus chomhdhearaidh a spreagadh agus cruthú tionscadail rannpháirtíoch a cheadú;
- foirmeacha nua a chruthú chun obair óige a chur ar fáil agus oiliúint agus tacaíocht a sholáthar; éascaíocht a dhéanamh do shoghluasteacht foghlama seachfhoirmiúla.

Ar na samplaí de ghníomhaíochtaí tá:

- forbairt uirlisí agus modhanna le haghaidh forbairt shochghairmiúil oibrithe óige agus oiliúnóirí;
- forbairt modhanna foghlama seachfhoirmiúla, go háirithe iad sin lena gcuirtear chun cinn sealbhú/feabhsú inniúlachtaí, lena n-áirítear scileanna litearthachta sna meáin;
- forbairt foirmeacha nua scéimeanna oiliúna praiticiúla agus ionsamhlú ar chásanna réalaíocha sa tsochaí;
- forbairt foirmeacha nua oibre óige, go háirithe úsáid straitéiseach foghlama oscailte agus solúbtha, an comhar fíorúil, acmhainní oscailte oideachais agus saothrú níos fearr acmhainneacht TFC;
- eagrú imeachtaí/seimineár/ceardlann/malartaithe dea-chleachtais chun críoch comhair, líonraithe, múscaillte feasachta agus piarfoghlama
- eagrú gníomhaíochtaí soghluaisteacha le haghaidh daoine óga agus/nó oibrithe óige chun tástáil a dhéanamh ar uirlisí agus modhanna a fhorbraítear leis an gcomhpháirtíocht. Tabhair faoi deara nach mór do ghníomhaíochtaí soghluaisteacha a bheith tánaisteach do phríomhchuspóirí na gníomhaíochta, agus nach mór dóibh a bheith lárnach chun na cuspóirí sin a bhaint amach agus nach mór dóibh a bheith mar bhonn taca fúthu

TIONSCADAL A BHUNÚ

Ceithre chéim atá i dtionscadal Fothaithe Acmhainneachta i réimse na hóige, agus cuirtear tús leo sula roghnaítear an togra tionscadail le haghaidh maoiniú fiú amháin²⁹⁸ mar shampla 1) Sainaithint agus tionscnamh an tionscadail; 2) Ullmhú, dearadh agus pleanáil an tionscadail; 3) Cur chun feidhme an tionscadail agus monatóireacht ar ghníomhaíochtaí; agus 4) Athbhreithniú an tionscadail agus measúnú tionchair.

Ní mór d'eagraíochtaí rannpháirteacha agus rannpháirtithe atá páirteach sna gníomhaíochtaí ról gníomhach a ghlacadh sna céimeanna sin uile, rud a chuirfidh feabhas ar a n-eispéireas foghlama.

- **Sainaithint agus tionscnamh;** fadhb, riachtanas nó deis ar ar féidir leat aghaidh a thabhairt a shainaithint le do smaoineamh tionscadail i gcomhthéacs an ghlaio; na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhthorthaí lena bhféadfar coinne a bheith leo a shainaithint; na geallsealbhoirí ábhartha agus comhpháirtithe féideartha a mhapáil; cuspóir nó cuspóirí an tionscadail a fhoirmiú; ailíniú an tionscadail le cuspóirí straitéiseacha na

²⁹⁸ Tabhair faoi deara bíodh is gur féidir tús a chur le gníomhaíochtaí ullmhúcháin sula gcuirtear an togra isteach nó sula roghnaítear le haghaidh maoiniú é, ní féidir costais a thabht ná gníomhaíochtaí a chur chun feidhme ach amháin tar éis shíniú an chomhaontaithe deontais.

n-eagraíochtaí rannpháirteacha a áirithiú; tabhairt faoi roinnt pleanáil tosaigh chun tús maith a chur leis an tionscadal, agus an fhaisnéis is gá a chur le chéile chun dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile srl.;

- **Ullmhú, dearadh agus pleanáil;** raon feidhme an tionscadail agus an cur chuige iomchuí a shonrú; an mhodheolaíocht atá beartaithe a leagan amach go soiléir agus comhsheasmhacht á háirithiú idir cuspóirí agus gníomhaíochtaí an tionscadail; cinneadh a dhéanamh ar sceideal le haghaidh na gcúraimí lena mbaineann; meastachán a dhéanamh ar na hacmhainní is gá agus mionsonra an tionscadail a fhorbairt, mar shampla measúnú ar riachtanais; cuspóirí agus táscairí tionchair fóna a shainmhíniú (atá sonrach, intomhaiste, indéanta, réalaióch agus faoi cheangal ama); torthaí tionscadail agus foghlama a shainaithint; an clár oibre, formáidí gníomhaíochta, an tionchar lena bhfuil coinne, an buiséad foriomlán measta a fhorbairt; plean cur chun feidhme tionscadail agus plean cumarsáide fóna agus réalaióch a ullmhú lena n-áirítear gnéithe straitéiseacha den tionscadal a bhaineann le rialachas, monatóireacht, rialú cáilíochta, tuairisciú agus scaipeadh torthaí; socruithe praiticiúla a shainiú agus deimhniú an spriocghrúpa nó na spriocghrúpaí le haghaidh na ngníomhaíochtaí atá beartaithe; comhaontuithe a chur ar bun le comhpháirtithe agus an togra a scríobh srl.;
- **Cur chun feidhme agus monatóireacht ar ghníomhaíochtaí:** cur chun feidhme an tionscadail a dhéanamh de réir pleananna lena gcomhlíontar ceanglais maidir le tuairisciú agus cumarsáid; monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí leanúnacha agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an tionscadail de réir pleananna tionscadail; gníomhaíocht cheartaitheach a shainaithint agus a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar chlaontaí ó phleananna agus chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna agus rioscaí; neamh-chomhréireachtaí a shainaithint leis na caighdeáin cháilíochta atá leagtha síos agus gníomhaíochtaí ceartaitheacha a dhéanamh srl.;
- **Athbhreithniú agus measúnú tionchair:** measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an tionscadail de réir chuspóirí an tionscadail agus pleananna cur chun feidhme; meastóireacht ar na gníomhaíochtaí agus ar a dtionchar ar leibhéil éagsúla, torthaí an tionscadail a chomhroinnt agus a úsáid, srl.

GNÉITHE COTHROMÁNACHA LE CUR SAN ÁIREAMH AGUS DO THIONSCADAL Á DHEARADH:

I dteannta na critéir fhoirmiúla a chomhlíonadh agus socrú comhair inbhuanaithe a chur ar bun le gach comhpháirtí tionscadail, is féidir go rannchuideoidh na gnéithe seo a leanas le cur le tionchar agus cur chun feidhme cáilíochtúil tionscadal fothaithe acmhainneachta ar fud na gcéimeanna éagsúla den tionscadal. Moltar d'iaratasóirí na deiseanna agus na héirimí sin a chur san áireamh agus a dtionscadal á dheardh.

Inbhuaine comhshaoil

Ba cheart tionscadail a dheardh ar bhealach éiceabhách agus gach gné de chleachtais ghlasa a chuimsiú iontu. Ba cheart d'eagraíochtaí agus do rannpháirtithe cur chuige atá neamhdhíobhálach don chomhshaoil a ghlacadh agus an tionscadal á dheardh acu, rud a spreagfaidh gach duine atá páirteach sa tionscadal chun saincheisteanna comhshaoil a phlé agus foghlaim fúthu, machnamh a dhéanamh faoinar féidir a dhéanamh ar leibhéil éagsúla agus cuidiú le heagraíochtaí agus le rannpháirtithe cuimhneamh ar bhealaí malartacha atá níos glaise le gníomhaíochtaí tionscadail a chur chun feidhme.

An Cuimsiú agus an Éagsúlacht

Leis an gClár Erasmus+ féachtar leis an gcomhionannas deiseanna a chur chun cinn ar fud a ghníomhaíochtaí uile agus féachtar leis an rochtain, leis an gcuimsiú, agus leis an gcothroime a chur chun cinn leis sin freisin. Chun na prionsabail sin a chur chun feidhme, ceapadh Straitéis um Chuimsiú agus Éagsúlacht chun tacú níos fearr le for-rochtain ar rannpháirtithe ó chúlraí níos éagsúla, go háirithe iad sin ar lú na deiseanna atá acu agus a bhfuil bacainní roimh a rannpháirtíocht i dTionscadail Eorpacha. Ba cheart d'eagraíochtaí gníomhaíochtaí tionscadail inrochtana agus cuimsitheacha a dheardh, agus ba cheart deardh rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu a chur san áireamh agus ról a thabhairt dóibh sa chinnteoireacht ar fud an phróisis uile.

An éirim dhigiteach

Tá an comhar fíorúil agus tástáil deiseanna foghlama fíorúla agus cumaisc ríthábhachtach do thionscadail rathúla. Go háirithe, moltar go láidir do thionscadail úsáid a bhaint as Tairseach Eorpach na hÓige agus as an Ardán do Straitéis Óige an Aontais chun bheith ag obair le chéile roimh na gníomhaíochtaí tionscadail, lena linn agus ina ndiaidh.

Luachanna coiteanna, rannpháirteachas saoránach agus rannpháirtíocht

Le tionscadail tacófar leis an tsaoránacht ghníomhach agus leis an eitic, agus cothófar forbairt inniúlachtaí sóisialta agus idirchultúrtha, na smaointeoireachta criticiúla agus na litearthachta sna meáin. Díreofar freisin ar fheasacht a mhúscaill ar chomhthéacs an Aontais Eorpaigh, agus ar é a thuiscint, ar domhan.

CÉ NA CRITÉIR ATÁ LE COMHLÍONADH CHUN IARRATAS A DHÉANAMH AR THIONSCADAL FOTHAITHE ACMHAINNEACHTA I RÉIMSE NA HÓIGE?

CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Chun bheith incháilithe le haghaidh deontas Erasmus, ní mór do thograí tionscadail le haghaidh fothú acmhainneachta i réimse na hóige na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí (comhordaitheoir agus comhpháirtithe iomlána) a bheith ina n-eintitis dhlítheanacha: - eagraíochtaí neamhrialtasacha (lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha Eorpacha don óige agus comhairlí óige náisiúnta) ag obair i réimse na hóige; - údarais phoiblí ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta ; Ba cheart dóibh a bheith bunaithe i mBallstát den Aontas Eorpach nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár nó mar eagraíochtaí i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár ó réigiún 1 agus 3 (féach an roinn 'Tíortha Incháilithe' i gCuid A de Threoir an Chláir). Is féidir le gnóilachtaí poiblí nó príobháideacha (fiontair bheaga, mheánmhéide nó mhóra (agus fiontair shóisialta san áireamh) páirt a ghlacadh ach ní mar chomhordaitheoir. Ní mór 4 iarratasóir ar a laghad (comhordaitheoir agus comhpháirtithe iomlána) a bheith i gcuibhreannas a chuireann tograí isteach, agus ní mór don chuibhreannas na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh: agus aon Bhallstát amháin den Aontas nó tír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár, ar a laghad, á c(h)umhdach acu; dhá thír incháilithe ar a laghad nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár á gcumhdach acu. Ní chuirtear eintitis chleamhnaithe san áireamh sna critéir íosta incháilitheachta le haghaidh chomhdhéanamh an chuibhreannais.
Ionad na gníomhaíochtaí	Ní mór na gníomhaíochtaí a bheith ar siúl i dtíortha na n-eagraíochtaí is iarratasóir (comhordaitheoir agus comhpháirtithe iomlána). I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, is féidir go mbíonn gníomhaíochtaí ar siúl i dtíortha incháilithe eile na gníomhaíochta sin.
Fad an tionscadail	Ba cheart tréimhse 12, 24 nó 36 mhí a bheith i gceist leis na tionscadail (is féidir síneadh a chur leis an tréimhse sin, le leasú, má tá údar cuí leis).

Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh?	Faoi bhráid na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr (EACEA). Uimhir aitheantais an Ghlaio: ERASMUS-YOUTH-2023-CB
Cathain is féidir iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí a n- iarratas ar dheontas a chur isteach faoin 8 Márta ar 17:00:00 (am na Bruiséile).

Déanfar measúnú ar eagraíochtaí is iarratasóirí de réir na gcritéar eisiaimh agus roghnúcháin ábhartha. Chun breis faisnéise a fháil féach Cuid C den Treoir seo.

TIONCHAR MEASTA

Ba cheart do na tionscadail a dtabharfar deontas dóibh a dtionchar measta a léiriú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- rannchuidiú leis na tosaíochtaí 'Rannpháirtíocht- Nascadh- Cumhachtú' i Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027
- forbairt a dhéanamh ar thorthaí na Spriocanna Eorpacha don Óige, an Idirphlé leis an Óige, agus tionscadal plé óige eile;
- feabhas a chur ar rannpháirtíocht daoine óga sa saol daonlathach, i dtéarmaí saoránacht ghníomhach agus rannpháirtíocht le cinnteoirí (cumhachtú, scileanna nua, rannpháirtíocht daoine óga sa dearadh tionscadal, srl.), go háirithe i dtíortha incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár;
- feabhas a chur ar inniúlachtaí fiontraíocha agus nuálacha daoine óga i dtíortha incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár;
- feabhas a chur ar inniúlacht na hearnála óige oibriú agus aird á tabhairt ar an gcuimsitheacht, ar an dlúthpháirtíocht agus ar an inbhuanaitheacht;
- foghlaim agus comhar trasnáisiúnta idir daoine óga agus cinneadóirí a chur chun cinn agus rannchuidiú leis sin, go háirithe i dtíortha incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár;
- cur leis na cleachtais agus leis an bhfor- rochtain atá ann cheana féin lastall den chomhpháirtíocht, lena n- áirítear úsáid mhaith a bhaint as modhanna digiteacha le fanacht nasctha i ngach imthoisc fiú amháin i gcás iargúlta, leithlisiú nó bearta dianghlása;
- na torthaí a nascadh le pobail áitiúla, deiseanna poist a chruthú agus smaointe nuálacha a chothú a bhféadfaí iad a mhacasamhlú agus a uas- scálú i suíomhanna eile i dtíortha incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár;
- cuimsiú agus inrochtaineacht spriocghrúpaí ar lú na deiseanna atá acu agus daoine aonair i dtíortha incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a léiriú;
- uirlisí nua agus modhanna foghlama seachfhoirmiúla a fhorbairt, go háirithe iad sin lena gcuirtear chun cinn inniúlachtaí a fháil/a fheabhsú, cuir i gcás scileanna litearthachta sna meáin, cleachtais nuálacha, go háirithe i dtíortha incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár;
- a dtorthaí a scaipeadh ar bhealach éifeachtach tarraingteach i measc daoine óga atá rannpháirteach in eagraíochtaí óige.

CRITÉIR DHÁMHACHTANA

Ábharthacht an tionscadail (scór uasta 30 pointe)	▪ Ábharthacht an togra maidir le cuspóirí na Gníomhaíochta; ▪ A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh: - sainítear na cuspóirí go soiléir, tá siad réalaíoch, agus tugtar aghaidh leo ar shaincheistean atá ábhartha maidir leis na heagraíochtaí rannpháirteacha agus leis na spriocghrúpaí; - tá an togra nuálach agus/nó comhlántach do thionscnaimh eile a rinne na heagraíochtaí rannpháirteacha cheana féin; - déantar na gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta a shainmhíniú go soiléir agus is é is aidhm dóibh inniúlachtaí na n-eagraíochtaí rannpháirteacha a threisiú; - baineann an tionscadal le daoine óga ar lú na deiseanna atá acu.
Cáilíocht dhearadh agus chur chun feidhme an tionscadail (scór uasta 30 pointe)	▪ Soiléireacht, iomláine agus cáilíocht an chláir oibre, lena n-áirítear céimeanna iomchuí le haghaidh ullmhú, cur chun feidhme, monatóireachta, meastóireachta agus scaipthe; ▪ Oiriúnacht agus cáilíocht na modheolaíochta atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais a shaináithnítear; ▪ An chomhsheasmhacht idir cuspóirí agus gníomhaíochtaí an tionscadail atá beartaithe; ▪ Cáilíocht and éifeachtacht an phlean oibre, lena n-áirítear a mhéid atá na hacmhainní atá sannta do phacáistí oibre i gcomhréir lena gcuspóirí agus lena dtáirgí insóláthartha; ▪ Cáilíocht na modhanna foghlama seachfhoirmiúla atá beartaithe; ▪ Cáilíocht na socruithe chun torthaí foghlama na rannpháirtithe a aithint agus a bhailíochtú chomh maith le húsáid chomhleanúnach uirlisí trédhearcachta agus aitheantais Eorpacha; ▪ Bearta rialaithe cáilíochta a bheith ann agus a n-ábharthacht lena áirithiú go mbeidh cur chun feidhme an tionscadail ar ardcháilíocht, agus go gcríochnófar in am é agus go gcloífear leis an mbuiséad; ▪ A mhéid atá an tionscadal costéifeachtach agus a leithdháiltear acmhainní iomchuí ar gach gníomhaíocht leis. ▪ Oiriúnacht na mbeart chun rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí soghluaisteachta a roghnú agus/nó chun go mbeidh siad rannpháirteach iontu, más ann (déan tagairt do ‘Cosaint, sláinte agus sábháilteacht na rannpháirtithe’ i gcuid A den Treoir seo chomh maith le ceanglais agus moltaí eile is infheidhme maidir le tionscadal soghluaisteachta PG1.)
Cáilíocht na comhpháirtíochta agus na socruithe comhair (scór uasta 20 pointe)	▪ A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh: - mar chuid den togra tá meascán iomchuí d’eagraíochtaí rannpháirteacha comhlántacha ag a bhfuil an phróifíl, an taithí agus an saineolas is gá chun gach gné den tionscadal a chur i gcrích go rathúil; - leis an dáileadh freagrachtaí agus cúraimí léirítear gealltanais agus rannchuidiú gníomhach na n-eagraíochtaí rannpháirteacha uile. ▪ Sásraí éifeachtacha a bheith ann le haghaidh an chomhair agus na cumarsáide idir na heagraíochtaí rannpháirteacha agus le geallsealbhóirí ábhartha eile chomh maith leis sin
Tionchar (scór uasta 20 pointe)	▪ Cáilíocht na mbeart chun meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí an tionscadail; ▪ Tionchar féideartha an tionscadail: - ar rannpháirtithe agus eagraíochtaí rannpháirteacha le linn shaolré an tionscadail agus ina dhiaidh sin; - lasmuigh de na heagraíochtaí agus ar dhaoine aonair atá go díreach rannpháirteach sa tionscadal, ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta. ▪ Cáilíocht an phlean scaipthe: a iomchuí atá na bearta, agus cáilíocht na mbeart, arb é is aidhm dóibh torthaí an tionscadail a chomhroinnt laistigh agus lasmuigh de na heagraíochtaí rannpháirteacha; ▪ Más ábhartha, tugtar tuairisc sa togra ar conas a dhéanfar na hábhair, na doiciméid agus na meáin a tháirgfear a chur ar fáil gan srian agus a chur chun cinn trí cheadúnais oscailte, agus níl teorainneacha díréireacha ann; ▪ Cáilíocht na bpleananna chun inbhuanaitheacht an tionscadail a áirithiú: an acmhainneacht atá ann leanúint de thionchar a bheith aige agus torthaí a tháirgeadh nuair a bheidh an deontas ón Aontas ídithe.

Ní mór do thograí 60 pointe ar a laghad a bhaint amach chun go gcuirfear san áireamh le haghaidh cistiúcháin iad. Thairis sin, ní mór dóibh leath na bpointí scóir uasta ar a laghad a ghnóthú i ngach catagóir de na critéir dhámhachtana thuasluaite (is é sin, 15 phointe ar a laghad le haghaidh na gcatagóirí 'ábharthacht an tionscadail' agus 'cáilíocht dhearadh agus chur chun feidhme an tionscadail'; 10 bpointe le haghaidh na gcatagóirí 'cáilíocht na comhpháirtíochta agus na socruithe comhair' agus 'tionchar').

I gcás ex aequo, tabharfar tosaíocht do na tionscadail ag a bhfuil an scór is airde faoi na critéir 'ábharthacht an tionscadail' agus ansin 'tionchar'.

Mar riail ghinearálta, agus laistigh de teorainneacha na gcreataí dlíthiúla náisiúnta agus Eorpacha atá ann cheana, ba cheart na torthaí a chur ar fáil mar acmhainní oscailte oideachais (OER) agus, chomh maith leis sin, ar ardáin údarás ábhartha, gairmiúil, earnála nó inniúil. Tabharfar tuairisc sa togra ar conas a dhéanfar na sonraí, na hábhair, na doiciméid agus na gníomhaíochtaí closamhairc agus meán sóisialta a tháirgfear a chur ar fáil gan srian agus a chur chun cinn trí cheadúnais oscailte, agus níl teorainneacha díréireacha ann

CAD IAD NA RIALACHA CISTIÚCHÁIN ATÁ ANN?

Leanann an ghníomhaíocht seo samhail cistiúcháin cnapshuime. Cinnfear méid na ranníocaíochta cnapshuime aonair le haghaidh gach deontais bunaithe ar bhuiséad measta na gníomhaíochta atá beartaithe ag an iarratasóir. Socróidh an t-údarás deonúcháin cnapshuim gach deontais bunaithe ar an togra, ar an toradh meastóireachta, ar na rátaí cistiúcháin agus ar uasmhéid an deontais atá socraithe sa ghlao.

Beidh an deontas ón Aontas in aghaidh an tionscadail idir **EUR 100 000 ar a laghad agus EUR 300 000 ar a mhéad.**

Conas a chinntear cnapshuim an tionscadail?

Ní mór d'iarratasóirí tábla buiséid mionsonraithe a líonadh isteach de réir na foirme iarratais, agus na pointí seo a leanas á gcur san áireamh:

- e) Ba cheart an buiséad a bheith mionsonraithe mar is gá ag an tairbhí/na tairbhíthe agus eagraithe i bpacáistí oibre comhleanúnacha (mar shampla roinnte i 'bainistíocht tionscadail', 'oiliúint', 'eagrú imeachtaí', 'ullmhú agus cur chun feidhme na soghluaisteachta', 'cumarsáid agus scaipeadh', 'dearbhu cáilíochta', srl.);
- f) Leis an togra ní mór tuairisc a thabhairt ar na gníomhaíochtaí a chumhdaítear le gach pacáiste oibre;
- g) Ní mór d'iarratasóirí miondealú ar na costais mheasta a sholáthar ina dtogra lena léirítear an scair in aghaidh an phacáiste oibre (agus, laistigh de gach pacáiste oibre, an scair atá sannta do gach tairbhí agus eintiteas cleamhnaithe);
- h) Sna costais ar a dtugtar tuairisc is féidir costais ball foirne, costais taistil agus chothaithe, costais trealaimh agus fochonraitheoireachta mar aon le costais eile (amhail scaipeadh faisnéise, foilsíú, aistriú) a chumhdach.

Déanfar meastóireacht ar thograí de réir na nósanna imeachta meastóireachta caighdeánacha le cuidiú ó shaineolaithe inmheánacha agus/nó seachtracha. Déanfaidh na saineolaithe measúnú ar cháilíocht na dtograí de réir na gceanglas a shainítear sa ghlao agus thionchar, cháilíocht agus éifeachtúlacht mheasta na gníomhaíochta.

I ndiaidh na meastóireachta ar an togra, cinnfidh an t-oifigeach údarúcháin méid na cnapshuime, agus torthaí an mheasúnúcháin a rinneadh á gcur san áireamh. Beidh an chnapshuim teoranta do 80 % ar a mhéad den bhuiséad measta a chinntear tar éis na meastóireachta

Socrófar paraiméadair an deontais (uasmhéid deontais, ráta cistiúcháin, costais incháilithe iomlána, srl.) sa chomhaontú deontais.

Déanfar meastóireacht ar éachtaí an tionscadail de réir na dtorthaí a chuirtear i gcrích. Leis an scéim cistiúcháin, d'fhéadfaí díriú ar na haschuir seachas ar na hionchuir, rud a chuirfeadh béim ar cháilíocht agus leibhéal gnóthachtála cuspóirí intomhaiste.

Tugtar tuairisc ar níos mó mionsonraí i samhail an chomhaontaithe deontais atá le fáil ar an Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana (TDCT).

FOTHÚ ACMHAINNEACHTA I RÉIMSE AN SPÓIRT

Is éard atá i dtionscadail fothaithe acmhainneachta tionscadail comhair idirnáisiúnta atá bunaithe ar chomhpháirtíochtaí iltaobhacha idir eagraíochtaí atá gníomhach i réimse an spóirt i dtíortha an Chláir agus i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. Is é is aidhm do na tionscadail tacú le gníomhaíochtaí agus beartais spóirt i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár mar mhodh chun luachanna a chur chun cinn chomh maith le huirlis chun forbairt phearsanta agus shóisialta daoine aonair a chur chun cinn agus pobail níos comhtháite a thógáil.

CUSPÓIRÍ NA GNÍOMHAÍOCHTA

Is é is aidhm don ghníomhaíocht:

- acmhainneacht eagraíochtaí spóirt an phobail a mhéadú;
- cleachtadh an spóirt agus na gníomhaíochta fisicí a spreagadh i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár;
- cuimsiú sóisialta tríd an spórt a chur chun cinn;
- luachanna dearfach tríd an spóirt a chur chun cinn (ar nós cothrom na Féinne, caoinfhulaingt, spiorad foirne);
- an comhar a chothú ar fud réigiúin éagsúla den domhan trí thionscnaimh chomhpháirtíochta.

RÉIMSÍ TÉAMACHA / CUSPÓIRÍ SONRACHA

Ba cheart na tograí a bheith dírithe ar réimsí téamacha áirithe a shainítear ag céim an chlársceidealaithe. Samplaí de réimsí atá ábhartha go háirithe:

- cur chun cinn comhluachanna, neamh- idirdhealaithe agus an chomhionannais inscne tríd an spórt;
- forbairt scileanna (tríd an spórt) a mbíonn gá leo chun an rannpháirtíocht shóisialta de ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste a fheabhsú (mar shampla neamhspleáchas, ceannaireacht srl.);
- imeascadh imirceach;
- athmhuintearas iarchoinbhleachta;

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Ní mór do na gníomhaíochtaí a mholtar a bheith nasctha go díreach le cuspóirí ginearálta agus sonracha na gníomhaíochta, is é sin, ní mór dóibh comhfhreagairt do cheann amháin nó níos mó de na réimsí téamacha a liostaítear thuas agus ní mór iad a mhionsonrú i dtuairisc ar an tionscadal lena gcumhdaítear an tréimhse chur chun feidhme iomlán. Ar deireadh, i gcomhthéacs na gníomhaíochta domhanda idirnáisiúnta sin, le gníomhaíochtaí tionscadail ní mór díriú ar inniúlachtaí eagraíochtaí spóirt a fhorbairt agus a neartú agus go príomha sna tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár ó Réigiún 1 a chumhdaítear leis an ngníomhaíocht.

Le tionscadail mhaoinithe beifear in ann **réimse leathan gníomhaíochtaí comhair, malartaithe, cumarsáide agus gníomhaíochtaí eile** a lánpháirtiú agus an méid seo a leanas san áireamh:

- Líonraí a chruthú agus a fhorbairt idir eagraíochtaí/tíortha/réigiúin;
- Malartú dea- chleachtas/tuairimí a fhorbairt agus a chur chun feidhme;
- Gníomhaíochtaí coitianta spóirt agus imeachtaí oideachasúla eile a chur chun feidhme;
- Cineálacha nua modhanna, uirlisí, cleachtas agus ábhar maidir leis an bhfoghlaim sheachfhoirmiúil a sheoladh, a thástáil, a roinnt agus a chur chun feidhme trí oiliúint phraiticiúil agus trí shoghluaisteacht na foirne spóirt;
- Feasacht a ardú maidir le saincheistean idirdhealaithe i ndáil le grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste sa spórt;
- Tacú le sochaí shibhialta atá rannpháirtíoch agus gníomhach a thógáil.

TIONSCADAL A BHUNÚ

Tá ceithre chéim i dtionscadal Fothaithe Acmhainneachta i réimse an spóirt, agus cuirtear tús leo sula roghnaítear an togra tionscadail le haghaidh maoinithe²⁹⁹ mar shampla 1) Sainaithint agus tionscnamh an tionscadail; 2) Ullmhú, dearadh agus pleanáil an tionscadail; 3) Cur chun feidhme an tionscadail agus monatóireacht ar ghníomhaíochtaí; agus 4) Athbhreithniú an tionscadail agus measúnú tionchair.

Ní mór d'eagraíochtaí rannpháirteacha agus rannpháirtithe atá páirteach sna gníomhaíochtaí ról gníomhach a ghlacadh sna céimeanna sin uile, rud a chuirfidh feabhas ar a n-eispéireas foghlama.

- **Sainaithint agus tionscnamh;** fadhb, riachtanas nó deis ar ar féidir leat aghaidh a thabhairt a shainaithint le do smaoineamh tionscadail i gcomhthéacs an ghlaio; na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhthorthaí lena bhféadfar coinne a bheith leo a shainaithint; na geallsealbhóirí ábhartha agus comhpháirtithe féideartha a mhapáil; cuspóir nó cuspóirí an tionscadail a fhoirmiú; ailiú an tionscadail le cuspóirí straitéiseacha na n-eagraíochtaí rannpháirteacha a áirithiú; tabhairt faoi roinnt pleanáil tosaigh chun tús maith a chur leis an tionscadal, agus an fhaisnéis is gá a chur le chéile chun dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile srl.;
- **Ullmhú, dearadh agus pleanáil;** raon feidhme an tionscadail agus an cur chuige iomchuí a shonrú; an mhodheolaíocht atá beartaithe a leagan amach go soiléir agus comhsheasmhacht á háirithiú idir cuspóirí agus gníomhaíochtaí an tionscadail; cinneadh a dhéanamh ar sceideal le haghaidh na gcúraimí lena mbaineann; meastachán a dhéanamh ar na hacmhainní is gá agus mionsonra an tionscadail a fhorbairt mar shampla measúnú ar riachtanais; cuspóirí agus táscairí tionchair fóna a shainmhíniú (atá sonrach, intomhaiste, indéanta, réalaióch agus faoi cheangal ama); torthaí tionscadail agus foghlama a shainaithint; an clár oibre, formáidí gníomhaíochta, an tionchar lena bhfuil coinne, an buiséad foriomlán measta a fhorbairt; plean cur chun feidhme tionscadail agus plean cumarsáide fóna agus réalaióch a ullmhú lena n-áirítear gnéithe straitéiseacha den tionscadal a bhaineann le rialachas, monatóireacht, rialú cáilíochta, tuairisciú agus scaipeadh torthaí; socruithe praiticiúla a shainiú agus deimhniú an spriocghrúpa nó na spriocghrúpaí le haghaidh na ngníomhaíochtaí atá beartaithe; comhaontuithe a chur ar bun le comhpháirtithe agus an togra a scríobh srl.;
- **Cur chun feidhme agus monatóireacht ar ghníomhaíochtaí:** cur chun feidhme an tionscadail a dhéanamh de réir pleananna lena gcomhlíontar ceanglais maidir le tuairisciú agus cumarsáid; monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí leanúnacha agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an tionscadail de réir pleananna tionscadail; gníomhaíocht cheartaitheach a shainaithint agus a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar chlaontaí ó phleananna agus chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna agus rioscaí; neamh-chomhréireachtaí a shainaithint leis na caighdeáin cháilíochta atá leagtha síos agus gníomhaíochtaí ceartaitheacha a dhéanamh srl.;
- **Athbhreithniú agus measúnú tionchair:** measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an tionscadail de réir chuspóirí an tionscadail agus pleananna cur chun feidhme; meastóireacht ar na gníomhaíochtaí agus ar a dtionchar ar leibhéil éagsúla, torthaí an tionscadail a chomhroinnt agus a úsáid, srl.

GNÉITHE COTHROMÁNACHA LE CUR SAN ÁIREAMH AGUS DO THIONSCADAL Á DHEARADH:

I dteannta na critéir fhoirmiúla a chomhlíonadh agus socrú comhair inbhuanaithe a chur ar bun le gach comhpháirtí tionscadail, is féidir go rannchuideoidh na gnéithe seo a leanas le cur le tionchar agus cur chun feidhme cáilíochtúil

²⁹⁹ Tabhair faoi deara bíodh is gur féidir tús a chur le gníomhaíochtaí ullmhúcháin sula gcuirtear an togra isteach nó sula roghnaítear le haghaidh maoiniú é, ní féidir costais a thabú ná gníomhaíochtaí a chur chun feidhme ach amháin tar éis shíniú an chomhaontaithe deontais.

tionscadal fothaithe acmhainneachta ar fud na gcéimeanna éagsúla den tionscadal. Moltar d'iarratasóirí na deiseanna agus na héirimí sin a chur san áireamh agus a dtionscadal á dhearadh.

An Cuimsiú agus an Éagsúlacht

Leis an gClár Erasmus+ féachtar leis an gcomhionannas deiseanna a chur chun cinn ar fud a ghníomhaíochtaí uile agus féachtar leis an rochtain, leis an gcuimsiú, agus leis an gcothroime a chur chun cinn leis sin freisin. Chun na prionsabail sin a chur chun feidhme, ceapadh Straitéis um Chuimsiú agus Éagsúlacht chun tacú níos fearr le for-rochtain ar rannpháirtithe ó chúlraí níos éagsúla, go háirithe iad sin ar lú na deiseanna atá acu agus a bhfuil bacainní roimh a rannpháirtíocht i dTionscadail Eorpacha. Ba cheart d'eagraíochtaí gníomhaíochtaí tionscadail inrochtana agus cuimsitheacha a dhearadh, agus ba cheart dearcadh rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu a chur san áireamh agus ról a thabhairt dóibh sa chinnteoireacht ar fud an phróisis uile.

Inbhuaine comhshaoil

Ba cheart tionscadail a dhearadh ar bhealach éiceabhách agus gach gné de chleachtais ghlasa a chuimsiú iontu. Ba cheart d'eagraíochtaí agus do rannpháirtithe cur chuige atá neamhdhióbhálach don chomhshaoil a ghlacadh agus an tionscadal á dhearadh acu, rud a spreagfaidh gach duine atá páirteach sa tionscadal chun saincheisteanna comhshaoil a phlé agus foghlaim fúthu, machnamh a dhéanamh faoinar féidir a dhéanamh ar leibhéil éagsúla agus cuidiú le heagraíochtaí agus le rannpháirtithe cuimhneamh ar bhealaí malartacha atá níos glaise le gníomhaíochtaí tionscadail a chur chun feidhme.

An éirim dhigiteach

Tá an comhar fíorúil agus tástáil deiseanna foghlama fíorúla agus cumaisc rithábachtach do thionscadail rathúla.

Luachanna coiteanna, rannpháirteachas saoránach agus rannpháirtíocht

Le tionscadail tacófar leis an tsaoránacht ghníomhach agus leis an eitic, agus cothófar forbairt inniúlachtaí sóisialta agus idirchultúrtha, na smaointeoireachta criticiúla agus na litearthachta sna meáin. Díreofar freisin ar fheasacht a mhúscailt ar chomhthéacs an Aontais Eorpaigh, agus ar é a thuiscint, ar domhan.

CÉ NA CRITÉIR ATÁ LE COMHLÍONADH CHUN IARRATAS A DHÉANAMH AR THIONSCADAL FOTHAITHE ACMHAINNEACHTA I RÉIMSE AN SPÓIRT?

CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Chun bheith incháilithe le haghaidh dheontas Erasmus, ní mór do thograí tionscadail le haghaidh Forbairt Acmhainní i réimse an Spóirt na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí (comhordaitheoir agus comhpháirtithe iomlána) a bheith: - ina n-eintitis dhlíthiúla (comhlachtaí poiblí nó príobháideacha) atá gníomhach i réimse an spóirt - bunaithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár ó Réigiún 1. Ní mór do chomhordaitheoir an chuibhreannais a bheith ina eagraíocht neamhbhrabúsach. Mar shampla, is féidir leis na heagraíochtaí sin a bheith: • comhlacht poiblí atá i gceannas ar an spórt ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta; • eagraíocht spóirt ar leibhéal áitiúil, náisiúnta, Eorpach nó idirnáisiúnta; • Coiste Oilimpeach Náisiúnta nó Cónaidhm Spóirt Náisiúnta; • eagraíocht a dhéanann ionadaíocht ar an ngluaiseacht 'spórt do chách'; • eagraíocht atá gníomhach i réimse chur chun cinn na gníomhaíochta coirp; • eagraíocht a dhéanann ionadaíocht ar an earnáil fóillíochta gníomhaí;
Comhdhéanamh cuibhreannais	Tá tionscadail fothaithe acmhainneachta trasnáisiúnta agus bíonn ceithre eagraíocht ar a laghad as trí tír ar a laghad páirteach iontu: Aon eagraíocht amháin ar a laghad ó dhá Bhallstát dhifriúla den Aontas agus dhá tír dhifriúla nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár agus dhá eagraíocht ar a laghad ó aon tír incháilithe amháin ar a laghad nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár ó Réigiún 1. Ní fhéadfaidh líon na n-eagraíochtaí ó Bhallstáit den Aontas agus ó thíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár a bheith níos airde ná líon na n-eagraíochtaí ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár.
Ionad na ngníomhaíochtaí	Ní mór gach gníomhaíocht a reáchtáil i dtíortha na n-eagraíochtaí atá rannpháirteach sa ghníomhaíocht seachas i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus a bhaineann le cuspóirí na gníomhaíochta. Ina theannta sin,: • Féadfar gníomhaíochtaí a reáchtáil ag suíomh Institiúide de chuid an Aontais Eorpaigh freisin, fiú amháin más fíor nach bhfuil sa tionscadal aon eagraíocht rannpháirteach ón tír a óstálann an Institiúid. • Féadfar gníomhaíochtaí lena mbaineann comhroinnt agus cur chun cinn torthaí a reáchtáil freisin ag imeachtaí/comhdhála trasnáisiúnta téamacha ábhartha i mBallstáit den Aontas nó i dtíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár.
Fad an tionscadail	Ba cheart tréimhse 1 bhliain amháin, 2 bhliain nó 3 bliana a bheith i gceist le Tionscadail Fothaithe Acmhainneachta de ghnáth. Ní mór an fad a roghnú ag céim an iarratais, bunaithe ar chuspóir an tionscadail agus ar an gcineál gníomhaíochtaí atá beartaithe le himeacht aimsire.
Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh?	Faoi bhráid na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr (EACEA). Uimhir aitheantais an Ghlaio: ERASMUS-SPORT-2023-CB
Cathain is féidir iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí a n-iarratas ar dheontas a chur isteach faoin 22 Márta ar 17:00:00 (am na Bruiséile).

Déanfar measúnú ar eagraíochtaí is iarratasóirí de réir na gcritéar eisiaimh agus roghnúcháin ábhartha. Chun breis faisnéise a fháil féach Cuid C den Treoir seo.

TIONCHAR MEASTA

Ba cheart do na tionscadail a dtabharfar deontas dóibh a dtionchar measta a léiriú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- rannpháirtíocht agus acmhainneacht eagraíochtaí spóirt an phobail a mhéadú;
- rannpháirtíocht na mban sa spórt agus i ngníomhaíochtaí fisiceacha a mhéadú;
- rannpháirtíocht shóisialta grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste a fheabhsú;
- feabhas a chur ar acmhainneacht na hearnála spóirt oibriú go trasnáisiúnta agus aird á tabhairt ar an gcuimsitheacht, ar an dlúthpháirtíocht agus ar an inbhuanaitheacht;
- foghlaim agus comhar trasnáisiúnta idir daoine sa spórt agus cinneadóirí a chur chun cinn agus rannchuidiú leis sin, go háirithe i dtíortha incháilithe nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár;
- a dtorthaí a scaipeadh ar bhealach éifeachtach tarraingteach i measc daoine sa spórt atá rannpháirteach in eagraíochtaí spóirt.

CRITÉIR DHÁMHACHTANA

Ábharthacht an tionscadail (scór uasta 30 pointe)	▪ Ábharthacht an togra maidir le cuspóirí na Gníomhaíochta; ▪ A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh: - sainítear na cuspóirí go soiléir, tá siad réalaíoch, agus tugtar aghaidh leo ar shaincheistanna atá ábhartha maidir leis na heagraíochtaí rannpháirteacha agus leis na spriocghrúpaí; - tá an togra nuálach agus/nó comhlántach do thionscnaimh eile a rinne na heagraíochtaí rannpháirteacha cheana féin; - déantar na gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta a shainmhíniú go soiléir agus is é is aidhm dóibh inniúlachtaí na n-eagraíochtaí rannpháirteacha a threisiú;
Cáilíocht dhearadh agus chur chun feidhme an tionscadail (scór uasta 20 pointe)	▪ Soiléireacht, iomláine agus cáilíocht an chláir oibre, lena n-áirítear céimeanna iomchuí le haghaidh ullmhú, cur chun feidhme, monatóireachta, meastóireachta agus scaipthe; ▪ Oiriúnacht agus cáilíocht na modheolaíochta atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais a shainaithnítear; ▪ An chomhsheasmhacht idir cuspóirí agus gníomhaíochtaí an tionscadail atá beartaithe; ▪ Cáilíocht and éifeachtacht an phlean oibre, lena n-áirítear a mhéid atá na hacmhainní atá sannta do phacáistí oibre i gcomhréir lena gculpóirí agus lena dtáirgí insóláthartha; ▪ Cáilíocht na modhanna foghlama seachfhoirmiúla atá beartaithe, más ann dóibh; ▪ Bearta rialaithe cáilíochta a bheith ann agus a n-ábharthacht lena áirithiú go mbeidh cur chun feidhme an tionscadail ar ardcháilíocht, agus go gcríochnófar in am é agus go gcloífear leis an mbuiséad; ▪ A mhéid atá an tionscadal costéifeachtach agus a leithdháiltear acmhainní iomchuí ar gach gníomhaíocht leis.

Cáilíocht na comhpháirtíochta agus na socrúithe comhair (scór uasta 20 pointe)	▪ A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh: - mar chuid den togra tá meascán iomchuí d'eagraíochtaí rannpháirteacha comhlántacha ag a bhfuil an phróifíl, an taithí agus an saineolas is gá chun gach gné den tionscadal a chur i gcrích go rathúil; - leis an dáileadh freagrachtaí agus cúraimí léirítear gealltanas agus rannchuidiú gníomhach na n-eagraíochtaí rannpháirteacha uile. ▪ Sásraí éifeachtacha a bheith ann le haghaidh an chomhair agus na cumarsáide idir na heagraíochtaí rannpháirteacha agus le geallsealbhóirí ábhartha eile chomh maith leis sin
Tionchar (scór uasta 30 pointe)	▪ Cáilíocht na mbeart chun meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí an tionscadail; ▪ Tionchar féideartha an tionscadail: - ar rannpháirtithe agus eagraíochtaí rannpháirteacha le linn shaolré an tionscadail agus ina dhiaidh sin; - lasmuigh de na heagraíochtaí agus ar dhaoine aonair atá go díreach rannpháirteach sa tionscadal, ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta. ▪ Cáilíocht an phlean scaipthe: a iomchuí atá na bearta, agus cáilíocht na mbeart, arb é is aidhm dóibh torthaí an tionscadail a chomhroinnt laistigh agus lasmuigh de na heagraíochtaí rannpháirteacha; ▪ Más ábhartha, tugtar tuairisc sa togra ar conas a dhéanfar na hábhair, na doiciméid agus na meáin a tháirgfear a chur ar fáil gan srian agus a chur chun cinn trí cheadúnais oscailte, agus níl teorainneacha díréireacha ann; ▪ Cáilíocht na bpleananna chun inbhuanaitheacht an tionscadail a áirithiú: an acmhainneacht atá ann leanúint de thionchar a bheith aige agus torthaí a tháirgeadh nuair a bheidh an deontas ón Aontas ídithe.

Ní mór do thograí 60 pointe ar a laghad a bhaint amach chun go gcuirfear san áireamh le haghaidh cistiúcháin iad. Thairis sin, ní mór dóibh leath an uaslín pointí ar a laghad a ghnóthú i ngach catagóir de na critéir dhámhachtana thuasluaite (is é sin 15 phointe ar a laghad le haghaidh na gcatagóirí 'ábharthacht an tionscadail' agus 'tionchar'; 10 bpointe le haghaidh na gcatagóirí 'cáilíocht na socrúithe comhpháirtíochta agus comhair' agus 'cáilíocht dhearadh agus chur chun feidhme an tionscadail').

I gcás ex aequo, tabharfar tosaíocht do na tionscadail ag a bhfuil an scór is airde faoi na critéir 'ábharthacht an tionscadail' agus ansin 'tionchar'.

Mar riail ghinearálta, agus laistigh de theorainneacha na gcreataí dlíthiúla náisiúnta agus Eorpacha atá ann cheana, ba cheart na torthaí a chur ar fáil mar acmhainní oscailte oideachais (OER) agus, chomh maith leis sin, ar ardáin údarás ábhartha, gairmiúil, earnála nó inniúil. Tabharfar tuairisc sa togra ar conas a dhéanfar na sonraí, na hábhair, na doiciméid agus na gníomhaíochtaí closamhairc agus meán sóisialta a tháirgfear a chur ar fáil gan srian agus a chur chun cinn trí cheadúnais oscailte, agus níl teorainneacha díréireacha ann

CAD IAD NA RIALACHA CISTIÚCHÁIN ATÁ ANN?

Leanann an ghníomhaíocht seo samhail cistiúcháin cnapshuime. Cinnfear méid na ranníocaíochta cnapshuime aonair le haghaidh gach deontais bunaithe ar bhuiséad measta na gníomhaíochta atá beartaithe ag an iarratasóir. Socróidh an t-údarás deonúcháin cnapshuim gach deontais bunaithe ar an togra, ar an toradh meastóireachta, ar na rátaí cistiúcháin agus ar uasmhéid an deontais atá socraithe sa ghlao.

Ba cheart an deontas ón Aontas in aghaidh an tionscadail a bheith idir **EUR 100 000 agus EUR 200 000.**

Conas a chinntear cnapshuim an tionscadail?

Ní mór d'iarratasóirí tábla buiséid mionsonraithe a líonadh isteach de réir na foirme iarratais, agus na pointí seo a leanas á gcur san áireamh:

- i) Ba cheart an buiséad a bheith mionsonraithe mar is gá ag an tairbhí/na tairbhithe agus eagraithe i bpacáistí oibre comhleanúnacha (mar shampla roinnte i 'bainistíocht tionscadail', 'oiliúint', 'eagrú imeachtaí', 'ullmhú agus cur chun feidhme na soghluaisteachta', 'cumarsáid agus scaipeadh', 'dearbhu cáilíochta', srl.);
- j) Leis an togra ní mór tuairisc a thabhairt ar na gníomhaíochtaí a chumhdaítear le gach pacáiste oibre;
- k) Ní mór d'iarratasóirí miondealú ar na costais mheasta a sholáthar ina dtogra lena léirítear an scair in aghaidh an phacáiste oibre (agus, laistigh de gach pacáiste oibre, an scair atá sannta do gach tairbhí agus eintiteas cleamhnaithe);
- l) Sna costais ar a dtugtar tuairisc is féidir costais ball foirne, costais taistil agus chothaithe, costais trealaimh agus fochonraitheoireachta mar aon le costais eile (amhail scaipeadh faisnéise, foilsiú, aistriú) a chumhdach.

Déanfar meastóireacht ar thograí de réir na nósanna imeachta meastóireachta caighdeánacha le cuidiú ó shaineolaithe inmheánacha agus/nó seachtracha. Déanfaidh na saineolaithe measúnú ar cháilíocht na dtograí de réir na gceanglas a shainítear sa ghlaio agus thionchar, cháilíocht agus éifeachtúlacht mheasta na gníomhaíochta.

I ndiaidh na meastóireachta ar an togra, cinntídh an t-oifigeach údarúcháin méid na cnapshuime, agus torthaí an mheasúnúcháin a rinneadh á gcur san áireamh. Beidh an chnapshuim teoranta do 80 % ar a mhéad den bhuiséad measta a chinntear tar éis na meastóireachta

Socrófar paraiméadair an deontais (uasmhéid deontais, ráta cistiúcháin, costais incháilithe iomlána, srl.) sa chomhaontú deontais.

Déanfar meastóireacht ar éachtaí an tionscadail de réir na dtorthaí a chuirtear i gcrích. Leis an scéim cistiúcháin, d'fhéadfaí díriú ar na haschuir seachas ar na hionchuir, rud a chuirfeadh béim ar cháilíocht agus leibhéal gnóthachtála cuspóirí intomhaiste.

Tugtar tuairisc ar níos mó mionsonraí i samhail an chomhaontaithe deontais atá le fáil ar an Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana (TDCT).

IMEACHTAÍ SPÓIRT EORPACHA SEACHBHRABÚSACHA

CUSPÓIRÍ NA GNÍOMHAÍOCHTA

Is é is aidhm don Gníomhaíocht tacú le himeachtaí spóirt a eagrú le héirim Eorpach sna réimsí seo a leanas:

- Obair dheonach sa spórt;
- Cuimsiú sóisialta tríd an spórt;
- An comhrac in aghaidh an idirdhealaithe sa spórt, lena n-áirítear an comhionannas inscne;
- **Stíleanna maireachtála sláintiúla a spreagadh do chách:** díreoidh tionscadail faoin tosaíocht seo ar an méid a leanas go príomha: a) cur chun feidhme na dtrí cholún den tionscnamh HealthyLifestyle4All, b) cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le gníomhaíocht fholláin choirp a chur chun cinn agus na dTreoirínte ón Aontas maidir le Gníomhaíocht Choirp c) tacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme na Seachtaine Eorpaí Spóirt d) cur chun cinn an spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla mar uirlis le haghaidh na sláinte e) cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí uile lena spreagtar cleachtadh an spóirt agus na gníomhaíochta fisiciúla f) cur chun cinn an spóirt agus cluichí traidisiúnta.

Ní mór don tionscadal díriú ar cheann amháin de na cuspóirí sin. Féadfaidh sé freisin díriú ar na cuspóirí eile, ach ní mór don phríomhchuspóir a bheith in- sainaitheanta go soiléir agus i bhfeidhm sa togra.

Soláthraítear leis tacaíocht airgeadais chun imeacht spóirt uile- Eorpach amháin a eagrú i mBallstát amháin den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár nó chun imeachtaí áitiúla Eorpacha a eagrú i roinnt Ballstát den Aontas nó i roinnt tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár.

CÉ NA CRITÉIR ATÁ LE COMHLÍONADH CHUN IARRATAS A DHÉANAMH AR IMEACHTAÍ SPÓIRT SEACHBHRABÚSACHA EORPACHA?

CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Chun bheith incháilithe le haghaidh deontas ón Aontas, ní mór do thograí tionscadail le haghaidh imeachtaí spóirt Eorpacha seachbhrabúsacha na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Aon eagraíocht phoiblí nó phríobháideach, i gcomhar lena heintitis chleamhnaithe (más ann dóibh), atá gníomhach i réimse an spóirt, agus bunaithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Mar shampla, d'fhéadfaidís seo a leanas a bheith i gceist le heagraíochtaí den sórt sin (ní liosta uileghabhálach atá ann): • comhlacht poiblí atá i gceannas ar an spórt ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta; • eagraíocht spóirt ar leibhéal áitiúil, náisiúnta, Eorpach nó idirnáisiúnta; • Coiste Oilimpeach Náisiúnta nó Cónaidhm Spóirt Náisiúnta; • eagraíocht a dhéanann ionadaíocht ar an ngluaiseacht 'spórt do chách'; • eagraíocht atá gníomhach i réimse chur chun cinn na gníomhaíochta coirp; • eagraíocht a dhéanann ionadaíocht ar an earnáil fóillíochta gníomhaí; • eagraíocht atá gníomhach i réimse an oideachais, na hoiliúna nó na hóige.
---	--

Comhdhéanamh cuibhreannais	Is éard atá in imeacht spóirt Eorpach seachbhrabúsach imeacht trasnáisiúnta agus baineann an méid seo a leanas leis: Le haghaidh an imeachta áitiúil Eorpaigh (Cineál I): tá idir trí agus cúig eagraíocht i gceist. Ní mór do gach eagraíocht teacht ó Bhallstáit éagsúla den Aontas agus ó thíortha éagsúla nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Le haghaidh an imeachta áitiúil Eorpaigh (Cineál II): sé eagraíocht ar a laghad a thagann ó shé Bhallstát éagsúla den Aontas agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár Le haghaidh an imeachta uile- Eorpaigh: 10 n- eagraíocht ar a laghad (aon iarratasóir amháin + naoi n- eagraíocht rannpháirteacha a chuirtear i láthair mar chomhpháirtithe comhlachaithe) a thagann ó 10 mBallstát éagsúla den Aontas agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár.
Gníomhaíochtaí incháilithe	Le haghaidh na n- imeachtaí áitiúla Eorpacha (Cineálacha I agus II) ní mór na gníomhaíochtaí a reáchtáil i ngach mBallstát den Aontas nó tír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár lena mbaineann an Imeacht Spóirt Eorpach Seachbhrabúsach. Le haghaidh an imeachta uile- Eorpaigh, ní mór na gníomhaíochtaí a bheith ar siúl sa Bhallstát den Aontas nó sa tír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár den eagraíocht iarratasóra lena mbaineann an Imeacht Spóirt Eorpach Seachbhrabúsach.
Fad an tionscadail	Ní mór an fad a roghnú ag céim an iarratais (ba cheart tréimhse 12 mhí nó 18 mí a bheith i gceist leis na tionscadail de ghnáth), bunaithe ar chuspóir an tionscadail agus ar an gcineál gníomhaíochtaí atá beartaithe le himeacht ama. Is féidir síntí a chur leis an tionscadal, má tá údar cuí leo agus trí leasú air.
Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh?	Faoi bhráid na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr (EACEA). Uimhir aitheantais an Ghlaio: ERASMUS-SPORT-2023-SNCESE.
Cathain is féidir iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí a n- iarratas ar dheontas a chur isteach faoin 22 Márta ar 17:00:00 (am na Buiséile).

Déanfar measúnú ar eagraíochtaí is iarratasóirí de réir na gcritéir eisiamh agus roghnúcháin ábhartha. Chun breis faisnéise a fháil féach Cuid C den Treoir seo.

TIONSCADAL A BHUNÚ

Tabharfar an deontas ón Aontas d'eagraíochtaí atá i gceannas ar ullmhú agus eagrú imeachtaí spóirt agus ar ghníomhaíochtaí a leanann uathu.

Tacaítear leis na gníomhaíochtaí caighdeánacha seo a leanas (ní liosta uileghabhálach é seo):

- ullmhú agus eagrú an imeachta;
- eagrú gníomhaíochtaí oideachais do lúthchleasaithe, cóitseálaithe, lucht eagraithe agus oibrithe deonacha sa tréimhse roimh an imeacht;
- eagraíochtaí gníomhaíochtaí tánaisteacha don imeacht spóirt (comhdhálacha, seimineáir);
- oiliúint a chur ar oibrithe deonacha;
- cur chun feidhme gníomhaíochtaí oidhreacht (meastóireachtaí, dréachtú pleananna amach anseo);

- gníomhaíochtaí cumarsáide atá nasctha le topaic an imeachta.

Ní thacaítear leis na himeachtaí spóirt seo a leanas faoin ngníomhaíocht seo:

- Comórtais spóirt a bhíonn á n-eagrú ag cónaidhmeanna/comhlachais/sraitheanna spóirt náisiúnta, Eorpacha nó idirnáisiúnta eile go tráthrialta (Craobhchomórtais náisiúnta, Eorpacha nó Dhomhanda) mura bhfuil an tacaíocht airgeadais á hiarraidh chun gníomhaíochtaí tánaisteacha a eagrú atá dírithe ar phobal mór.

TIONCHAR MEASTA

Is é seo a leanas an tionchar a mheastar a bheidh ag an ngníomhaíocht seo:

- feacht níos mó a mhéid a bhaineann le ról an spóirt i gcur chun cinn an chuimsithe shóisialta, an chomhionannais deiseanna agus gníomhaíochta coirp ar mhaithe le feabhsú sláinte (HEPA);
- rannpháirtíocht níos mó i spórt, gníomhaíocht choirp agus gníomhaíocht dheonach.

CRITÉIR DHÁMHACHTANA

Ábharthacht an tionscadail (scór uasta 30 pointe)	A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh: • tá an togra ábhartha maidir le cuspoirí agus tosaíochtaí na Gníomhaíochta; • tá an togra bunaithe ar anailís fhíor leordhóthanach ar na riachtanais; • tá an togra nuálach; • tá an togra comhlántach ar thionscnaimh eile atá déanta ag na heagraíochtaí rannpháirteacha cheana féin; • tá breisluach ar leibhéal an Aontais ag baint leis an togra trí thorthaí nach bhfaighfí le gníomhaíochtaí a dhéantar in aon tír amháin
Cáilíocht dhearadh agus chur chun feidhme an tionscadail (scór uasta 20 pointe)	A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh: • tá plan oibre an tionscadail soiléir, iomlán agus éifeachtach, lena n-áirítear céimeanna iomchuí le haghaidh ullmhú, cur chun feidhme, monatóireacht, meastóireacht agus comhroinnt torthaí tionscadail; • tá an tionscadal costéifeachtach agus leithdháiltear acmhainní iomchuí ar gach gníomhaíocht leis; • tá an mhodheolaíocht atá beartaithe soiléir, leormhaith agus indéanta; • moltar bearta rialaithe cáilíochta ábhartha sa tionscadal lena áirithiú go mbeidh cur chun feidhme an tionscadail ar ardchaighdeán, agus go gcríochnófar in am é agus go gcloífear leis an mbuiséad; • cuimsítear leis an tionscadal úsáid uirlisí agus modhanna foghlama digiteacha chun a ngníomhaíochtaí fisiceacha a chomhlánú, agus chun feabhas a chur ar an gcomhar idir eagraíochtaí comhpháirtíochta.

Cáilíocht na comhpháirtíochta agus na socruithe comhair (scór uasta 20 pointe)	A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh: • cuimsítear leis an tionscadal meascán iomchuí eagraíochtaí rannpháirteacha i dtéarmaí próifíle agus saineolais chun cuspóirí uile an tionscadail a chur i gcrích; • leis an leithdháileadh cúraimí atá beartaithe léirítear gealltanais agus rannchuidiú gníomhach na n-eagraíochtaí rannpháirteacha uile; • áirítear leis an togra sásraí éifeachtacha le haghaidh comhordú agus cumarsáid idir na heagraíochtaí rannpháirteacha agus le geallsealbhoirí ábhartha eile chomh maith leis sin • más infheidhme, a mhéid a thugtar breisluach don tionscadal le rannpháirtíocht eagraíochta rannpháirtí ó thír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár.
Tionchar (scór uasta 30 pointe)	A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh: • áirítear i dtogra an tionscadail céimeanna nithiúla agus loighciúla chun torthaí an tionscadail a lánpháirtiú in obair thráthrialta na heagraíochta rannpháirtí; • tá an acmhainneacht ag an tionscadal dul i gcion ar a rannpháirtithe agus ar eagraíochtaí rannpháirteacha ar bhealach dearfach, chomh maith leis an bpobal níos leithne; • d'fhéadfaí na torthaí tionscadail a bhfuil coinne leo a úsáid lasmuigh de na heagraíochtaí atá rannpháirteach sa tionscadal i rith shaolré an tionscadail agus ina dhiaidh sin, agus ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó Eorpach; • áirítear i dtogra an tionscadail pleananna agus modhanna iomchuí chun meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí an tionscadail; • áirítear i dtogra an tionscadail céimeanna nithiúla agus éifeachtacha chun torthaí an tionscadail a chur in iúl laistigh de na heagraíochtaí rannpháirteacha, chun na torthaí a chomhroinnt le heagraíochtaí eile agus leis an bpobal, agus chun aitheantas poiblí a thabhairt don mhaoiniú ón Aontas; • áirítear sa togra tionscadail céimeanna nithiúla éifeachtacha chun inbhuanaitheacht an tionscadail a áirithiú, mar aon leis an acmhainneacht atá ann leanúint de thionchar a bheith aige agus torthaí a tháirgeadh nuair a bheidh an deontas ón Aontas Eorpach ídithe.

Le bheith incháilithe le haghaidh cistiú, ní mór do thograí **ar a laghad 60 pointe a ghnóthú** agus an scór pas íosta is gá le haghaidh gach ceann de na ceithre chritéar dámhachtana á gcur san áireamh: ar a laghad 15 phointe le haghaidh na gcatagóirí 'ábharthacht an tionscadail' agus 'tionchar', agus 10 bpointe le haghaidh na gcatagóirí 'cáilíocht dhearadh agus chur chun feidhme an tionscadail' agus 'cáilíocht na comhpháirtíochta agus na socruithe comhair'. I gcásanna ex aequo, tabharfar tosaíocht do na scóir is airde le haghaidh 'ábharthacht an tionscadail' agus ansin 'tionchar'.

CAD IAD NA RIALACHA CISTIÚCHÁIN ATÁ ANN?

Is i bhfoirm cnapshuimeanna atá ranníocaíochtaí le haghaidh imeachtaí Spóirt Eorpacha Seachbhrabúsacha. Tá méid na cnapshuime seasta ag brath ar an líon imeachtaí agus ar an líon eagraíochtaí atá páirteach sa tionscadal.

Roghnóidh na hiarratasóirí idir 3 mhéid réamhshainithe de réir an lín imeachtaí agus an lín eagraíochtaí atá páirteach sa tionscadal.

Catagóir imeachtaí spóirt		Cnapshuim sheasta
Imeachtaí áitiúla Eorpacha: Imeacht amháin ar a laghad in aghaidh na tíre.	Cineál I: ó thrí eagraíocht ar a laghad a thagann ó thrí Bhallstát éagsúla den Aontas agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár chuig cúig eagraíocht ar a mhéad a thagann ó chúig Bhallstát éagsúla den Aontas agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár.	EUR 200 000
	Cineál II: sé eagraíocht ar a laghad a thagann ó shé Bhallstát éagsúla den Aontas agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár	EUR 300 000
Imeachtaí uile- Eorpacha: imeacht amháin le 10 n- eagraíocht rannpháirteacha ar a laghad ó 10 mBallstát den Aontas agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár (agus an eagraíocht is iarratasóir san áireamh)		EUR 450 000

a) Le haghaidh an imeachta áitiúil Eorpaigh (Cineál I): **EUR 200 000**

Baineann na tograí le tionscadail iltairbhithé inar gá don iarratasóir agus do na heagraíochtaí comhpháirtíochta na costais uile a chumhdach. Meastar go bhfuil na heagraíochtaí rannpháirteacha a shainaithnítear (ó 3 go 5) ina gcomhthairbhithé agus reáchtálfar na himeachtaí agus na foghníomhaíochtaí a eagraítear i ngach Ballstát den Aontas nó tír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe lena mbaineann.

Áireofar sna tograí roinn shonrach le **dáileadh na gcúraimí agus an bhuiséid ón Aontas i measc comhpháirtithe**. An amlíne le haghaidh chur chun feidhme gach gníomhaíochta tionscadail agus an sprioc-am le haghaidh tháirgeadh tháirgí insoláthartha an tionscadail, léireofar iad freisin.

Ní mór d'iarratasóirí gníomhaíochtaí an tionscadail a roinnt ina **'bpacáistí oibre'**. Beidh gach pacáiste oibre nasctha le cuspóirí sonracha, agus ní mór d'iarratasóirí tacar de tháscairí cainníochtúla agus cáilíochtúla a shainaithint lena féidir measúnú a dhéanamh ar leibhéal gnóthachtála na gcuspoirí sin.

b) Le haghaidh an imeachta áitiúil Eorpaigh (Cineál II): **EUR 300.000**

Baineann na tograí le tionscadail iltairbhithé inar gá don iarratasóir agus do na heagraíochtaí comhpháirtíochta na costais uile a chumhdach. Meastar go bhfuil na heagraíochtaí rannpháirteacha a sainaithníodh (sé cinn ar a laghad) ina gcomhthairbhithé agus reáchtálfar na himeachtaí agus na foghníomhaíochtaí a eagraítear i ngach Ballstát den Aontas nó tír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe lena mbaineann.

Áireofar sna tograí roinn shonrach le **dáileadh na gcúraimí agus an bhuiséid ón Aontas i measc comhpháirtithe**. An amlíne le haghaidh chur chun feidhme gach gníomhaíochta tionscadail agus an sprioc-am le haghaidh tháirgeadh tháirgí insoláthartha an tionscadail, léireofar iad freisin.

Ní mór d'iaratasóirí gníomhaíochtaí an tionscadail a roinnt ina **'bpacáistí oibre'**. Beidh gach pacáiste oibre nasctha le cuspóirí sonracha, agus ní mór d'iaratasóirí tacar de tháscairí cainníochtúla agus cáilíochtúla a shainaithint lena féidir measúnú a dhéanamh ar leibhéal gnóthachtála na gcuspóirí sin.

c) Le haghaidh an imeachta uile- Eorpaigh: **EUR 450.000**

Baineann na tograí le tionscadail aon tairbhí amháin, rud a fhágann nach mór don eagraíocht is iaratasóir na costais uile a chumhdach agus, dá bhrí sin, beidh an imeacht agus na foghníomhaíochtaí a eagraítear ar siúl sa Bhallstát den Aontas nó tír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár a bhaineann leis an eagraíocht is iaratasóir. Le haghaidh gnéithe bainistíochta conarthacha, ní mheastar gur comhpháirtithe tionscadail iad na comhpháirtithe comhlachaithe sin ná ní fhaigheann siad aon mhaoiniú ón gClár mar chuid den tionscadal agus, dá bhrí sin, ní féidir iad a shonrú i mbuiséad an togra.

An amlíne le haghaidh chur chun feidhme gach gníomhaíochta tionscadail agus an sprioc- am le haghaidh tháirgeadh tháirgí insoláthartha an tionscadail, léireofar iad.

Ní mór d'iaratasóirí gníomhaíochtaí an tionscadail a roinnt ina **'bpacáistí oibre'**. Beidh gach pacáiste oibre nasctha le cuspóirí sonracha, agus ní mór d'iaratasóirí tacar de tháscairí cainníochtúla agus cáilíochtúla a shainaithint lena féidir measúnú a dhéanamh ar leibhéal gnóthachtála na gcuspóirí sin.

Íocaíocht an Deontais

Is éard atá sna coinníollacha maidir le híocaíocht iomlán an deontais cur i gcrích na bpacáistí oibre i gcomhréir leis na critéir cháilíochta a thuairiscítear san iarratas. I gcás nach gcuirtear pacáiste oibre amháin i gcrích, nach gcuirtear i gcrích ach go páirteach é nó ina meastar mar phacáiste míshásúil é sa mheasúnú cháilíochta, is féidir go gcuirfear lagduithe iomchuí ar mhéid an deontais i bhfeidhm mar a thugtar tuairisc air sa chomhaontú deontais.

Tugtar tuairisc ar níos mó mionsonraí i samhail an chomhaontaithe deontais atá le fáil ar an Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana (TDCT).

PRÍOMHGHNIOMHAÍOCHT 3: TACAÍOCHT D'FHORBAIRT BEARTAIS AGUS COMHAR

Le Príomhghníomhaíocht 3, soláthraítear tacaíocht don chomhar beartais ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, rud a rannchuidíonn le cur chun feidhme na mbeartas atá ann cheana féin agus le beartais nua a fhorbairt, lenar féidir nuachóiriú agus athchóirithe a spreagadh, ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar leibhéal na gcóras, i réimsí an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt.

Tá sé d'aidhm ag na Gníomhaíochtaí a chuirtear chun feidhme tríd an bpríomhghníomhaíocht seo:

- cur chun feidhme chlár oibre beartais an Aontais a ullmhú agus tacú leis maidir leis an oideachas, leis an oiliúint, leis an óige agus leis an spórt trí rialú agus feidhmiú na Modhanna Oscailte Comhordúcháin a éascú;
- tástálacha beartais Eorpaigh a dhéanamh faoi stiúir údarais phoiblí ardleibhéil agus lena bhfuil baint ag trialacha allamuigh i leith bearta beartais i roinnt tíortha, bunaithe ar mhodhanna meastóireachta fóna;
- faisnéis agus eolas a bhailiú faoi chórais agus beartais oideachais, oiliúna, óige agus spóirt ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach, d'fhonn ceapadh beartais réasúnaithe a éascú;
- an trédhearcacht agus aithint scileanna agus cáilíochtaí a éascú, mar aon le haistriú creidiúintí, dearbhú cáilíochta a chothú, dintiúir a sheiceáil go digiteach, tacú le bailíochtú na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, bainistíocht scileanna agus soláthar treorach;
- idirphlé beartais le geallsealbhóirí laistigh agus lasmuigh den Aontas Eorpach a chothú, trí chomhdhála, trí imeachtaí agus trí ghníomhaíochtaí eile lena bhfuil baint ag lucht ceaptha beartas, cleachtóirí agus geallsealbhóirí eile i réimsí an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt, chun feachtas a mhúscailt faoi na cláir oibre beartais Eorpaigh ábhartha agus chun an Eoraip a chur chun cinn mar cheann scríbe staidéir agus taighde den scoth;
- feabhas a chur ar chur chun feidhme an chlár i dtéarmaí cáilíochtúla trí aistriú eolais agus cleachtas i measc Gníomhaireachtaí Náisiúnta a éascú, acmhainní 'meithle machnaimh' a sholáthar do na Gníomhaireachtaí Náisiúnta agus don Choimisiún lenar féidir gníomhaíochtaí agus straitéisí a fhorbairt chun an clár a chur chun feidhme ar bhealach atá nasctha níos mó le forbairtí beartais, uirlisí a chur ar fáil chun acmhainneacht sineirgí agus comhlántachtaí a shaothrú níos fearr;
- deiseanna a chur ar fáil do dhaoine ag céim ar bith dá saol le haghaidh eispéireas foghlama ar an gcoigríoch laistigh dá réimse saineolais, amhail rialachas poiblí, talmhaíocht agus forbairt tuaithe, teicneolaíochtaí nua, fiontar, srl.;
- cur ar chumas comhlachtaí feidhmiúcháin Erasmus+ gníomhú mar éascaitheoirí le haghaidh uas-éascálú thionscadail Erasmus+ chun iarratas a dhéanamh ar dheontais nó chun sineirgí a fhorbairt trí thacaíocht Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa a bhainistítear ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach, an Chláir Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, agus na gclár a bhaineann le himirce, slándáil, ceartas agus saoránacht, sláinte agus cultúr;
- tacú le himeachtaí, feachtais agus gníomhaíochtaí eile lena dtabharfar faisnéis do shaoránaigh agus d'eagraíochtaí faoin gclár Erasmus+ agus faoi bheartais an Aontais i réimsí an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt;
- rannchuidiú le dea-ghleachtais chomh maith le scéalta ratha ó thionscadail a dtacaítear leo a shainaithint agus a scaipeadh d'fhonn infheictheacht níos mó a thabhairt dóibh agus d'fhonn iad a uas-éascáil ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus Eorpach.

CÉ NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ A DTACAÍTEAR LEO?

Déantar an Gníomhaíocht seo a chur chun feidhme tríd an Treoirleabhar seo:

- Óige na hEorpa le chéile

Bainistíonn an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA) sa Bhruiséil an Gníomhaíocht sin.

Cumhdaítear le Príomhghníomhaíocht 3 go leor gníomhaíochtaí eile lena dtacaítear le hathchóiriú beartais i réimsí an oideachais, na hoiliúna agus na hóige a gcuireann an Coimisiún Eorpach chun feidhme iad go díreach nó trí ghlaonna sonraha ar thograí a bhainistíonn an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr. Déantar na gníomhaíochtaí sin a aicmiú sna ranna seo a leanas:

- Tacú le forbairt beartais Eorpaigh;
- Tacú le huirlisí agus bearta an Aontais lena gcothaítear cáilíocht, trédhearcacht agus aithint scileanna, inniúlachtaí agus cáilíochtaí
- Idirphlé beartais agus comhar le príomhghheallsealbhóirí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta
- Bearta lena rannchuidítear le cur chun feidhme cáilíochtúil agus cuimsitheach an chlár
- Comhar le hionstraimí eile an Aontais agus tacú le beartais eile an Aontais
- Gníomhaíochtaí scaipthe agus múscailte feasachta

Tá breis faisnéise ar na gníomhaíochtaí a dtacaítear leo le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh agus na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin.

ÓIGE NA HEORPA LE CHÉILE

Tá sé mar aidhm le tionscadail Óige na hEorpa le Chéile líonraí a chruthú lena gcuirtear chun cinn comhpháirtíochtaí réigiúnacha, a bheidh á reáchtáil i ndlúthchomhar le daoine óga ó gach cearn den Eoraip (Ballstáit den Aontas agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gclár). Ba cheart go n-eagródh na líonraí malartuithe, go gcuirfidís tréimhsí oiliúna chun cinn (do cheannairí óige, mar shampla), agus go dtabharfaidís deis do na daoine óga féin tionscadail chomhpháirteacha a bhunú, trí ghníomhaíochtaí fisiciúla agus ar líne araon.

CUSPÓIRÍ NA GNÍOMHAÍOCHTA

Tá sé mar aidhm ag Óige na hEorpa le chéile líonraí a chruthú a chuireann comhpháirtíochtaí réigiúnacha chun cinn, a thugann deis do dhaoine óga ar fud na hEorpa tionscadail chomhpháirteacha a bhunú, malartuithe a eagrú agus tréimhsí oiliúna a chur chun cinn (do cheannairí óige, mar shampla) trí ghníomhaíochtaí fisiciúla agus ar líne araon. Tacóidh an ghníomhaíocht le comhpháirtíochtaí trasnáisiúnta um eagraíochtaí óige ó leibhéal an phobail go comhpháirtíochtaí ar mhórsála, agus é mar aidhm aici an ghné Eorpach dá ngníomhaíochtaí a neartú, cuir i gcás conas maireachtáil níos fearr le chéile agus cuidiú le stíleanna maireachtála inbhuanaithe a dhearadh don todhchaí, i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus leis an tionscnamh Bauhaus Eorpach Nua³⁰⁰.

Is tosaíochtaí téamacha tábhachtacha iad obair a dhéanamh le Spriocanna Óige an Aontais Eorpaigh agus, go ginearálta, le Straitéis an Aontais Eorpaigh i leith na hÓige, 2019-2027³⁰¹. Léirítear na Spriocanna Óige Eorpacha freisin i dtreoirlínte polaitiúla an Choimisiúin leis an Uachtarán von der Leyen³⁰². Féadfaidh na tograí tionscadail aghaidh a thabhairt ar théamaí ón 'gComhdháil um Thodhchaí na hEorpa' chomh maith. Tá toghcháin Pharlaimint na hEorpa in 2024 ábhartha i gcomhthéacs na gníomhaíochta sin.

Is príomhghníomhaithe iad daoine óga agus eagraíochtaí óige sa téarnamh ó phaindéim COVID- 19. Ba cheart do líonraí óige machnamh a dhéanamh ar bhealaí chun an dlúthpháirtíocht agus an chuimsitheacht a chothú, agus conas feabhas a chur ar chaighdeán an tsaoil tar éis na paindéime, a thiocfaidh leis na dúshláin a bhaineann le scileanna digiteacha agus stíleanna maireachtála inbhuanaithe glasa.³⁰³

CUSPÓIRÍ SONRACHA

Féachtar leis an ngníomhaíocht le tacú leis na nithe seo a leanas go sonrach:

- forbairt agus cur chun cinn comhair struchtúrtha thrasnáisiúnta bhreise, ar líne agus as líne, idir eagraíochtaí óige éagsúla chun comhpháirtíochtaí a chruthú nó a neartú lena ndírítear ar an dlúthpháirtíocht agus ar rannpháirtíocht dhaonlathach chuimsitheach an uile dhuine i gcomhthéacs an fhrithradta maidir le struchtúir shocheacnamaíocha agus i gcomhréir le Straitéis an Aontais Eorpaigh i leith na hÓige, Spriocanna Óige an Aontais Eorpaigh, agus an Idirphlé Óige;
- Cur chun feidhme creataí agus tionscnamh de chuid an Aontais amhail moltaí tírshonracha ón Seimeastar Eorpach³⁰⁴ sa mhéid a bhaineann siad le réimse na hÓige;
- eagraíochtaí óige atá rannpháirteach i dtionscnaimh chun daoine óga a spreagadh le bheith rannpháirteach sa phróiseas daonlathach agus sa tsochaí trí thréimhsí oiliúna a eagrú, cosúlachtaí idir mhuintir óga na hEorpa a thaispeáint agus plé agus díospóireacht a spreagadh ar a nasc leis an Aontas, lena luachanna agus lena

³⁰⁰ https://europa.eu/new-european-bauhaus/index_en

³⁰¹ Rún 2018/C 456/01 ón gComhairle, a foilsíodh i mí na Nollag 2018: [https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:42018Y1218\(01\)&from=EN](https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:42018Y1218(01)&from=EN)

³⁰² Féach https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/IP_19_5542

³⁰³ Lee https://europa.eu/NEW-EUROPEAN-BAUHAUS/INDEX_EN

³⁰⁴ https://ec.europa.eu/info/business-economy-euro/economic-and-fiscal-policy-coordination/eu-economic-governance-monitoring-prevention-correction/european-semester_en

bhunchlocha daonlathacha. Cuimsítear leis sin imeachtaí a eagrú roimh na toghcháin in 2024 do Pharlaimint na hEorpa.

- rannpháirtíocht grúpaí daoine óga tearcionadaithe sa pholaitíocht, eagraíochtaí óige agus eagraíochtaí eile na sochaí sibhialta a chur chun cinn trí pháirt a thabhairt do dhaoine óga atá leochaileach agus faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch;
- Bealaí nua chun eagraíochtaí óige a chumhachtú chun déileáil leis an tréimhse i ndiaidh phaindéim Covid-19, trí thacú le bealaí nuálacha comhair agus cruthú, forbairt agus bainistíocht líonraí. Go táscach, d'fhéadfaí a chuimsiú leis sin feabhas a chur ar an gcomhar idir eagraíochtaí óige i gcomhthéacs digiteach trí mhodhanna foghlama seachfhoirmiúla agus samhlacha eagraíochtúla mar shampla móid mhalartacha malartuithe agus cabhair fhrithpháirteach.
- Nearthú na gné Eorpaí de ghníomhaíochtaí eagraíochtaí óige, mar shampla gníomhaíochtaí maidir le conas oibriú níos fearr le chéile i ndiaidh na paindéime agus cuidiú le stíleanna maireachtála inbhuanaithe a dhearadh go trasnáisiúnta don todhchaí.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Díríonn an ghníomhaíocht ar eagraíochtaí neamhrialtasacha (seachbhrabúsacha) agus ar chomhlachtaí poiblí, a mholann tionscadail a d'fhéadfadh daoine óga a shlógadh i gcomhpháirtíochtaí lena gcuimsítear tíortha agus réigiúin éagsúla laistigh de na Ballstáit den Aontas agus de thíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár.

Ba cheart do ghníomhaíochtaí soghluaisteachta do dhaoine óga a bheith ina bpríomhghné de thionscadail Óige na hEorpa le chéile. Ba cheart don tsoghluaisteacht sin malartuithe trasteorann agus deiseanna oiliúna neamhfhoirmiúla agus seachfhoirmiúla a chur ar fáil do dhaoine óga ó gach cearn den Eoraip (Tuaisceart, Deisceart, Oirthear agus Iarthar) a bhféadfaí iad a ullmhú agus tacú leo trí fhóiraim ar líne chun rannchuidiú le cuspóirí na gníomhaíochta seo. Ba cheart údar soiléir a thabhairt leis na gníomhaíochtaí soghluaisteachta sin de réir chuspóirí na gníomhaíochta.

Ba cheart na gníomhaíochtaí ar fad a bheith ag cur le leathnú na for-rochtana le haghaidh na hóige laistigh d'eagraíochtaí óige agus lasmuigh díobh, agus daoine óga a bhfuil níos lú deiseanna acu san áireamh, chun a chinntiú go gcloisfear éagsúlacht guthanna.

CÉ NA CRITÉIR ATÁ LE COMHLÍONADH CHUN IARRATAS A DHÉANAMH AR AN NGNÍOMHAÍOCHT ÓIGE NA HEORPA LE CHÉILE AR LEIBHÉAL AN GHNÁTHPHOBAIL?

CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Chun bheith incháilithe le haghaidh deontas Erasmus, ní mór do thograí tionscadail le haghaidh Óige na hEorpa le chéile na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí (comhordaitheoirí agus comhpháirtithe iomlána) a bheith ina n-eintitis dhlítheanacha: - eagraíochtaí neamhrialtasacha (lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha Eorpacha don óige agus comhairlí óige náisiúnta) ag obair i réimse na hóige; - údaráis phoiblí ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta; Ní mór dóibh a bheith bunaithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Is féidir le gnólachtaí poiblí nó príobháideacha (fiontair bheaga, mheánmhéide nó mhóra, agus fiontair shóisialta san áireamh) chomh maith lena n-eintitis chleamhnaithe páirt a ghlacadh freisin ach ní mar chomhordaitheoir.
--	---

Cé na cineálacha eagraíochtaí atá incháilithe le bheith rannpháirteach sa tionscadal?	Aon eagraíocht, phoiblí nó phríobháideach, lena heintitis chleamhnaithe (más ann dóibh), atá ag obair le daoine óga nó lena n-aghaidh lasmuigh de shuíomhanna foirmiúla atá bunaithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Mar shampla, is féidir leis na heagraíochtaí sin a bheith: • ina n-eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, ina gcomhlachas, ina n-eagraíochtaí neamhrialtasacha (lena n-áirítear eagraíocht neamhrialtasach Eorpach don óige); • ina gComhairle óige náisiúnta; • ina n-údarás poiblí ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta; • ina n-institiúid oideachais nó taighde; • ina fondúireacht; Is féidir go n-áireofar cuideachtaí poiblí nó príobháideacha (fiontair bheaga, mheánmhéide nó mhóra (lena n-áirítear fiontair shóisialta)). Dá bhrí sin, cé go bhfuil an ghníomhaíocht seo dírithe go príomha ar eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, is féidir le heagraíochtaí brabúsacha a bheith páirteach má léirítear breisluach soiléir le haghaidh an tionscadail.
Comhdhéanamh Cuibhreannais	Ní mór do chuibhreannas ina bhfuil cúig iarratasóir ar a laghad (comhordaitheoir agus comhpháirtithe iomlána) ó chúig Bhallstát den Aontas agus/nó tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár tograí a chur isteach. Ní chuirtear eintitis chleamhnaithe san áireamh sna critéir íosta incháilitheachta le haghaidh chomhdhéanamh an chuibhreannais.
Ionad na ngníomhaíochtaí	Ní mór na gníomhaíochtaí a reáchtáil sna tíortha incháilithe.
Fad an tionscadail	Ba cheart tréimhse 24 mhí a bheith i gceist leis na tionscadail de ghnáth (is féidir síneadh a chur leis an tréimhse sin, le leasú, má tá údar cuí leis).
Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh?	Faoi bhráid na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr (EACEA), atá lonnaithe sa Bhreiséil. Ní féidir leis an eagraíocht chéanna ach iarratas amháin a chur isteach faoin sprioc-am. Uimhir aitheantais an Ghlaio: ERASMUS-YOUTH-2023-YOUTH-TOG
Cathain is féidir iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí a n-iarratas ar dheontas a chur isteach faoin 9 Márta ar 17:00:00 (am na Buiséile).

Déanfar measúnú ar eagraíochtaí is iarratasóirí de réir na gcritéir eisiaimh agus roghnúcháin ábhartha. Chun breis faisnéise a fháil féach Cuid C den Treoir seo.

TIONSCADAL A BHUNÚ

Ceithre chéim atá sa tionscadal ‘Óige na hEorpa le chéile’, agus cuirtear tús leo sula roghnaítear an togra tionscadail le haghaidh maoinithe fiú, mar shampla 1) Sainaithint agus tionscnamh an tionscadail; 2) Ullmhú, dearadh agus pleanáil an tionscadail; 3) Cur chun feidhme an tionscadail agus monatóireacht ar ghníomhaíochtaí; agus 4) Athbhreithniú an tionscadail agus measúnú tionchair. Ní mór d’eagraíochtaí rannpháirteacha agus rannpháirtithe atá páirteach sna gníomhaíochtaí ról gníomhach a ghlacadh sna céimeanna sin uile, rud a chuirfidh feabhas ar a n-eispéireas foghlama.

- Sainaithe agus tionscnamh; fadhb, riachtanas nó deis ar ar féidir leat aghaidh a thabhairt a shainaithe le do smaoineamh tionscadail i gcomhthéacs an ghlaio; na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhthorthaí lena bhféadfar coinne a bheith leo a shainaithe; na geallsealbhóirí ábhartha agus comhpháirtithe féideartha a mhapaíl; cuspóir nó cuspóirí an tionscadail a fhoirmiú; ailíniú an tionscadail le cuspóirí straitéiseacha na n-eagraíochtaí rannpháirteacha a áirithiú; tabhairt faoi roinnt pleanáil tosaigh chun tús maith a chur leis an tionscadal, agus an fhaisnéis is gá a chur le chéile chun dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile srl.;
- Ullmhú, dearadh agus pleanáil; raon feidhme an tionscadail agus an cur chuige iomchuí a shonrú, cinneadh a dhéanamh ar sceideal le haghaidh na gcúraimí lena mbaineann; meastachán a dhéanamh ar na hacmhainní is gá agus mionsonra an tionscadail a fhorbairt mar shampla measúnú ar riachtanais; cuspóirí agus táscairí tionchair fóna a shainmhíniú (atá sonrach, intomhaiste, indéanta, réalaíoch agus faoi cheangal ama); torthaí tionscadail agus foghlama a shainaithe; an clár oibre, formáidí gníomhaíochta, an tionchar lena bhfuil coinne, an buiséad foriomlán measta a fhorbairt; plean cur chun feidhme tionscadail lena n-áirítear gnéithe straitéiseacha de rialachas, monatóireacht, rialú cáilíochta, tuairisciú agus scaipeadh torthaí an tionscadail; socrúithe praiticiúla a shainiú agus deimhniú an spriocghrúpa nó na spriocghrúpaí le haghaidh na ngníomhaíochtaí atá beartaithe; comhaontuithe a chur ar bun le comhpháirtithe agus an togra a scríobh srl.;
- Cur chun feidhme agus monatóireacht ar ghníomhaíochtaí: cur chun feidhme an tionscadail a dhéanamh de réir pleananna lena gcomhlíontar ceanglais maidir le tuairisciú agus cumarsáid; monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí leanúnacha agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an tionscadail de réir pleananna tionscadail; gníomhaíocht cheartaitheach a shainaithe agus a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar chlaontaí ó phleananna agus chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna agus rioscaí; neamh-chomhréireachtaí a shainaithe leis na caighdeáin cháilíochta atá leagtha síos agus gníomhaíochtaí ceartaitheacha a dhéanamh srl.;
- Athbhreithniú agus measúnú tionchair: measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an tionscadail de réir chuspóirí an tionscadail agus pleananna cur chun feidhme; meastóireacht ar na gníomhaíochtaí agus ar a dtionchar ar leibhéil éagsúla, torthaí an tionscadail a chomhroinnt agus a úsáid, srl.

GNÉITHE COTHROMÁNACHA LE CUR SAN ÁIREAMH AGUS DO THIONSCADAL Á DHEARADH:

I dteannta na critéir fhoirmiúla a chomhlíonadh agus socrú comhair inbhuanaithe a chur ar bun le gach comhpháirtí tionscadail, is féidir go rannchuideoidh na gnéithe seo a leanas le cur le tionchar agus cur chun feidhme cáilíochtúil tionscadal 'Óige na hEorpa le chéile' ar fud na gcéimeanna éagsúla de chuid an tionscadail. Moltar d'iarratasóirí na deiseanna agus na héirimí sin a chur san áireamh agus a dtionscadal á dhearadh.

Inbhuanaine comhshaoil

Ba cheart tionscadail a dhearadh ar bhealach éiceabháich agus gach gné de chleachtais ghlasa a chuimsiú iontu. Ba cheart d'eagraíochtaí agus do rannpháirtithe cur chuige atá neamhdhíobhálach don chomhshaoil a ghlacadh agus an tionscadal á dhearadh acu, rud a spreagfaidh gach duine atá páirteach sa tionscadal chun saincheisteanna comhshaoil a phlé agus foghlaim fúthu, machnamh a dhéanamh faoina féidir a dhéanamh ar leibhéil éagsúla agus cuidiú le heagraíochtaí agus le rannpháirtithe cuimhneamh ar bhealaí malartacha atá níos glaise le gníomhaíochtaí tionscadail a chur chun feidhme.

An Cuimsiú agus an Éagsúlacht

Leis an gClár Erasmus+ féachtar leis an gcomhionannas deiseanna a chur chun cinn ar fud a ghníomhaíochtaí uile agus féachtar leis an rochtain, leis an gcuimsiú, agus leis an gcothroime a chur chun cinn leis sin freisin. Chun na prionsabail sin a chur chun feidhme, ceapadh Straitéis um Chuimsiú agus Éagsúlacht chun tacú níos fearr le for-rochtain ar rannpháirtithe ó chúlraí níos éagsúla, go háirithe iad sin ar lú na deiseanna atá acu agus a bhfuil bacainní roimh a rannpháirtíocht i dTionscadail Eorpacha. Ba cheart d'eagraíochtaí gníomhaíochtaí tionscadail inrochtana agus cuimsitheacha a dhearadh, agus ba cheart dearcadh rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu a chur san áireamh agus ról a thabhairt dóibh sa chinnteoireacht ar fud an phróisis uile.

Mar phrionsabal trasnaí, ba cheart d'eagraíochtaí rannpháirteacha straitéisí a shaothrú le nascadh le daoine óga i measc an ghnáthphobail ó chúlraí éagsúla. Cumhdaítear leis sin rannpháirtíocht pobail óige éagsúil ar lú na deiseanna atá acu, lena n-áirítear iad sin ó limistéir iargúlta/thuaithe agus/nó a mbaineann cúlra imirceach leo. Dá bhrí sin, leis na gníomhaíochtaí uile ba cheart rannchuidiú le for-rochtain daoine óga agus a rannpháirtíocht ghníomhach a leathnú lena áirithiú go dtabharfar éagsúlacht guthanna le chéile.

An éirim dhigiteach

Tá an comhar fíorúil agus tástáil deiseanna foghlama fíorúla agus cumaisc ríthábhachtach do thionscadail rathúla. Go háirithe, moltar go láidir do thionscadail úsáid a bhaint as Tairseach Eorpach na hÓige agus as an Ardán do Straitéis Óige an Aontais chun bheith ag obair le chéile roimh na gníomhaíochtaí tionscadail, lena linn agus ina ndiaidh.

Luachanna coiteanna, rannpháirteachas saoránach agus rannpháirtíocht

Le tionscadail tacófar leis an tsaoránacht ghníomhach agus leis an eitic, agus cothófar forbairt inniúlachtaí sóisialta agus idirchultúrtha, na smaointeoireachta criticiúla agus na litearthachta sna meáin. Díreofar freisin ar fheasacht a mhúscailt ar chomhthéacs an Aontais Eorpaigh agus ar an tuiscint ar an gcomhthéacs sin a mhéadú.

TIONCHAR MEASTA

Ba cheart do na tionscadail a dtabharfar deontas dóibh a rannchuidiú measta le beartas an Aontais Eorpaigh maidir leis an óige a léiriú mar a leanas:

- tógáil ar chuspóirí Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027, agus níos sonraí trína léiriú conas a rannchuidíonn siad leis na tosaíochtaí 'Rannpháirtíocht- Nascadh- Cumhachtú' de chuid na Straitéise;
- tógáil ar thorthaí na Spriocanna Eorpacha don Óige, an Idirphlé leis an Óige, agus tionscadal plé óige eile agus suirbhéanna ar thuairimí a bhaineann le todhchaí na hEorpa agus iad a nascadh le forbairt beartais ar leibhéal áitiúil/réigiúnach/náisiúnta/Eorpach;
- tógáil ar mholtaí tírshonracha ón Seimeastar Eorpach sa mhéid a bhaineann siad le réimse na hóige;
- feabhas a chur ar rannpháirtíocht daoine óga sa saol daonlathach, i dtéarmaí saoránacht ghníomhach agus rannpháirtíocht le lucht cinnteoireachta (cumhachtú, scileanna nua, rannpháirtíocht daoine óga sa dearadh tionscadal, srl.);
- cabhrú le feabhas a chur ar inniúlacht na hearnála óige gníomhaí ar leibhéal an phobail chun obair a dhéanamh go trasnáisiúnta ar an gcuimsitheacht, ar an dlúthpháirtíocht agus ar an inbhuaine, agus chun an fhoghlaím thrasnáisiúnta agus an comhar idir daoine óga agus lucht cinnteoireachta a chur chun cinn;
- cur leis na dea-chleachtais agus leis an bhfor-rochtain atá ann cheana féin thar an líonra nó na líonraí tráthrialta, cuir i gcás úsáid mhaith a bhaint as modhanna digiteacha le fanacht nasctha i ngach imthoisc fiú amháin i gcás iargúlta, aonraithe nó bearta dianghlása;
- a dtorthaí a scaipeadh ar bhealach éifeachtach tarraingteach i measc daoine óga atá rannpháirteach in eagraíochtaí óige agus ina theannta sin i measc daoine óga nach bhfuil cleamnaithe le struchtúir óige nó ina measc sin a bhfuil níos lú deiseanna acu, chun an bealach a réiteach le haghaidh comhpháirtíochtaí níos sistéamaí.

CRITÉIR DHÁMHACHTANA

Ábharthacht an tionscadail (scór uasta 30 pointe)	• Críoch agus breisluach an Aontais: bunaítear agus forbraítear leis an togra tionscadal lena dtacaítear le beartais ar leibhéal an Aontais atá ábhartha maidir leis an óige – go háirithe Straitéis Óige an Aontais 2019-2027. Léirítear go soiléir leis an togra breisluach an Aontais ar leibhéal sistéamach, a ghintear trína thrasnáisiúntacht agus trína inaistritheacht fhéideartha. • Cuspóirí: tá cuspóirí an togra ábhartha maidir le cuspóirí ginearálta na gníomhaíochta agus ar a laghad ceann dá chuspóirí sonracha; thairis sin, is cuspóirí sonracha iad cuspóirí an togra agus tá siad sainithe go soiléir, intomhaiste, indéanta, réalaíoch agus faoi cheangal ama; tugtar aghaidh leo ar shaincheistean atá ábhartha maidir leis na heagraíochtaí rannpháirteacha agus tá breisluach soiléir leo le haghaidh na spriocghrúpaí roghnaithe. • Riachtanais: léirítear leis an togra go bhfuil sé bunaithe ar mheasúnú críochnúil ar riachtanais bunaithe a mhéid is féidir ar fhórais agus figiúirí infhóraithe a dtacaítear leo le sonraí ginearálta agus sonracha atá ábhartha maidir leis na tíortha agus na heagraíochtaí uile sa chuibhreannas. Táthar ag súil le hanailís shoiléir ar riachtanais atá nasctha le cúinsí nithiúla na n-iarraitasóirí, na gcomhpháirtithe agus na spriocghrúpaí. Rannpháirtíocht na hóige: leis an gcomhpháirtíocht léirítear gur féidir rannpháirtíocht ghníomhach a áirithiú le pobal óige éagsúil amhail iad sin ó limistéir iargúlta/thuaithe, a mbaineann cúlra imirceach leo, agus/nó a mbaineann cúlra sóisialta faoi mhíbhuntáiste leo cheana féin ó chéim dheartha gníomhaíochtaí a bhaineann leis an óige.
Cáilíocht dhearadh agus chur chun feidhme an tionscadail (scór uasta 30 pointe)	• Pleanáil: Tá an togra soiléir, iomlán agus ar ardcháilíocht agus áirítear céimeanna iomchuí ann chun an tionscadal a ullmhú, a chur chun feidhme agus monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh air bunaithe ar mhodheolaíochtaí bainistíochta tionscadail láidre. • Modheolaíocht: Tá an cur chun feidhme bunaithe ar mhodheolaíochtaí oiriúnacha; tá na cuspóirí comhsheasmhach leis na gníomhaíochtaí agus tá siad leagtha amach go soiléir, le naisc loighciúla idir na fadhbanna, na riachtanais agus na réitigh atá sainaitheanta; tá an plean oibre comhleanúnach agus coincreíteach; is ann do bhearta rialaithe cáilíochta agus táscairí oiriúnacha lena áirithiú go gcuirfear an tionscadal chun cinn go cuí leis an gcáilíocht is gá, de réir an raoin feidhme, an ama agus laistigh den bhuiséad; is ann do phleananna bainistíochta riosca agus teagmhasacha nithiúla agus oiriúnacha. • Cost-éifeachtacht: tá an buiséad atá beartaithe comhleanúnach, sách mionsonraithe, oiriúnach do chur chun feidhme an tionscadail agus deartha chun an luach is fearr ar airgead a áirithiú. Tá na hacmhainní atá sannta do phacáistí oibre i gcomhréir lena gcuspóirí agus lena dtáirgí insóláthartha. Freastalaíonn an buiséad ar riachtanais eagraíochtaí ar leibhéal an ghnáthphobail agus daoine óga leochaileacha chun a gcuimsiú sa chlár Erasmus+ a spreagadh.

Cáilíocht na comhpháirtíochta agus na socruithe comhair (scór uasta 20 pointe)	• Cumraíocht: baineann an chomhpháirtíocht le meascán iomchuí eagraíochtaí comhlántacha leis na próifílí, na scileanna, an taithí, an saineolas agus an tacaíocht bhainistíochta is gá chun a cuspóirí a bhaint amach; léirítear breisluach na n-eagraíochtaí brabúsacha go soiléir, má tá baint acu leis an gcuibhreannas. • Comhdhéanamh geografach: léiríonn an chomhpháirtíocht inniúlacht chun an éagsúlacht Eorpach eacnamaíoch, shóisialta agus/nó chultúrtha a chur in iúl trína comhdhéanamh geografach (is é sin, cumhdach limistéir an Oirthir, an Iarthair, an Tuaiscirt agus an Deiscirt ar fud na hEorpa) ionas go n-áiritheofar fíorchomhar uile- Eorpach. • Forbairt eagraíochtaí neamhrialtasacha áitiúla: leis an gcomhpháirtíocht is féidir forbairt a dhéanamh ar inniúlachtaí agus eolas eagraíochtaí neamhrialtasacha áitiúla nach bhfuil seanbhunaithe cheana ar an leibhéal Eorpach chun comhar ó phiar go piar a fheabhsú idir eagraíochtaí neamhrialtasacha ar fud na hEorpa. • Gealltanais & cúraimí: tá dáileadh freagrachtaí agus cúraimí sa chomhpháirtíocht soiléir agus iomchuí; léiríonn an comhordaitheoir bainistíocht ardcháilíochta agus féidearthacht le haghaidh comhordú líonraí trasnáisiúnta agus ceannaireacht i dtimpeallachtaí casta. • Socruithe comhair: leis na sásraí rialachais atá beartaithe áiritheofar comhordú, cinnteoireacht, cumarsáid agus réiteach coinbhleachta éifeachtach idir na heagraíochtaí rannpháirteacha, na rannpháirtithe agus aon gheallsealbhóir ábhartha eile. • Rannpháirtíocht na hóige: tá páirt oiriúnach ag daoine óga i ngach céim de chur chun feidhme an tionscadail agus tugtar aghaidh ar chuimsiú na hóige ar gach céim agus leibhéal den tionscadal, rud a sholáthraíonn ról chumhachtaithe agus/nó straitéisí nithiúla chun a rannpháirtíocht éagsúil a áirithiú.
Tionchar (scór uasta 20 pointe)	• Tionchar: tá tionchar féideartha an tionscadail ar rannpháirtithe agus eagraíochtaí comhpháirtíochta ard – go háirithe i dtreo leathnú a dhéanamh ar fhócas na n-eagraíochtaí ar leibhéal an ghnáthphobail ar ghníomhaíochtaí náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla nach de chineál trasteorann iad go fóill i gcás ina ndearnadh gníomhaíochtaí a uas- scálú nó a fhorbairt ar leibhéal an Aontais le linn agus tar éis shaolré an tionscadail, chomh maith leis an tionchar ar phobail na hóige i gcoitinne. Léirítear leis na torthaí a bhfuil coinne leo tuiscint agus inniúlacht an iarratasóra agus na gcomhpháirtithe luachanna an Aontais Eorpaigh a chur in iúl, go háirithe maidir le saoránacht. • Scaipeadh: leis an tionscadal léirítear inniúlacht chun tabhairt faoi fhor- rochtain óige agus cumas chun fadhbanna agus réitigh na bpobal ar a ndéanann siad ionadaíocht a chur in iúl go héifeachtach do phobal níos leithne ar fud an domhain; go háirithe, leis an togra soláthraítear plean fóna chun torthaí a chur in iúl agus a scaipeadh agus áirítear spriocanna, gníomhaíochtaí agus dáileadh cúraimí iomchuí i measc comhpháirtithe, uainiú, uirlisí agus cainéil ábhartha chun a áirithiú go scaipfead na torthaí agus na tairbhí go héifeachtach ar lucht ceaptha beartas agus go mbeidh siad inrochtana d'úsáideoirí deiridh laistigh de shaolré an tionscadail agus ina dhiaidh sin. • Inbhuanaitheacht: leis an togra sainiúnaítear go soiléir conas a d'fhéadfadh torthaí an tionscadail rannchuidiú le hathruithe ar leibhéal an chórais in earnáil na hóige laistigh de shaolré an tionscadail agus lastall de, agus féidearthacht ard ann chun comhar fadharthach a chumasú ar leibhéal an Aontais agus/nó beartais agus tionscnaimh óige nua ón Aontas a spreagadh.

Le bheith curtha san áireamh le haghaidh cistiú, ní mór d'íarratais ar a laghad **60 pointe** a ghnóthú, agus an scór pas íosta is gá á chur san áireamh freisin le haghaidh gach ceann de na ceithre chritéar dámhachtana (is é sin, ar a laghad 15 phointe le haghaidh na gcatagóirí 'ábharthacht an tionscadail' agus 'cáilíocht dhearadh agus chur chun feidhme an

tionscadail'; 10 bpointe le haghaidh na gcatagóirí 'cáilíocht na comhpháirtíochta agus na socruithe comhair' agus 'tionchar'. I gcásanna ex aequo, tabharfar tosaíocht do na scóir a dhámhtar le haghaidh na gcritéar dámhachtana 'ábharthacht' agus ansin 'tionchar'.

Mar riail ghinearálta, agus laistigh de teorainneacha na gcreataí dlíthiúla náisiúnta agus Eorpacha atá ann cheana, ba cheart na torthaí a chur ar fáil mar **acmhainní oscailte oideachais** (OER) agus, chomh maith leis sin, ar ardáin údarás ábhartha, gairmiúil, earnála nó inniúil. Ba cheart don togra tuairisc a thabhairt ar an gcaoi a ndéanfar na sonraí, na hábhair, na doiciméid agus na gníomhaíochtaí closamhairc agus meán sóisialta a tháirgfear a chur ar fáil gan srian agus a chur chun cinn trí cheadúnais oscailte, agus nach mbeidh teorainneacha díréireacha ann.

SPRIOC-AM AGUS TRÁTHCHLÁR TÁSCACH DON MHEASTÓIREACHT AGUS DO CHOMHAONTUITHE DEONTAIS

Céimeanna	Dáta agus am nó tréimhse tháscach
Sprioc-am chun iarratais a chur isteach	9 Márta - 17:00 (am na Bruiséile)
Tréimhse meastóireachta	Márta- Lúnasa 2023
Eolas d'iarratasóirí	Meán Fómhair 2023
Síniú an chomhaontaithe deontais	Meán Fómhair – Samhain 2023
Dáta tosaigh na gníomhaíochta	Deireadh 2023 – Tús 2024

CAD IAD NA RIALACHA CISTIÚCHÁIN ATÁ ANN?

Leanann an ghníomhaíocht seo samhail cistiúcháin cnapshuime. Cinnfear méid na ranníocaíochta cnapshuime aonair le haghaidh gach deontais bunaithe ar bhuiséad measta na gníomhaíochta atá beartaithe ag an iarratasóir. Socróidh an t-údarás deonúcháin cnapshuim gach deontais bunaithe ar an togra, ar an toradh meastóireachta, ar na rátaí cistiúcháin agus ar uasmhéid an deontais atá socraithe sa ghla.

Is é EUR 150 000 an deontas íosta in aghaidh an tionscadail agus ní fhéadfar os cionn EUR 500 000 a bhronnadh.

Conas a chinntear cnapshuim an tionscadail?

Ní mór d'iarratasóirí tábla buiséid mionsonraithe a líonadh isteach de réir na foirme iarratais, agus na pointí seo a leanas á gcur san áireamh:

- Ba cheart an buiséad a bheith mionsonraithe mar is gá ag an tairbhí/na tairbhíthe agus eagraithe i bpacáistí oibre comhleanúnacha (mar shampla roinnte i 'bainistíocht tionscadail', 'oiliúint', 'eagrú imeachtaí', 'ullmhú agus cur chun feidhme na soghluaisteachta', 'cumarsáid agus scaipeadh', 'dearbhu cáilíochta', srl.);
- Leis an togra ní mór tuairisc a thabhairt ar na gníomhaíochtaí a chumhdaítear le gach pacáiste oibre;
- Ní mór do na hiarratasóirí miondealú ar an gcnaphuim de na costais mheasta a sholáthar ina dtogra lena léirítear an scair in aghaidh an phacáiste oibre (agus, laistigh de gach pacáiste oibre, an scair atá sannta do gach tairbhí agus eintiteas cleamhnaithe);
- Sna costais ar a dtugtar tuairisc is féidir costais ball foirne, costais taistil agus chothaithe, costais trealaimh agus fochonraitheoireachta mar aon le costais eile (amhail scaipeadh faisnéise, foilsíú, aistriú) a chumhdach.

Déanfar meastóireacht ar thograí de réir na nósanna imeachta meastóireachta caighdeánacha le cuidiú ó shaineolaithe inmheánacha agus/nó seachtracha. Déanfaidh na saineolaithe measúnú ar cháilíocht na dtograí de réir na gceanglas a shainítear sa ghla. agus thionchar, cháilíocht agus éifeachtúlacht mheasta na gníomhaíochta.

I ndiaidh na meastóireachta ar an togra, cinntídh an t-oifigeach údarúcháin méid na cnapshuime, agus torthaí an mheasúnúcháin a rinneadh á gcur san áireamh. Beidh an chnapshuim teoranta do 80 % ar a mhéad den bhuiséad measta a chinntear tar éis na meastóireachta.

Socrófar paraiméadair an deontais (uasmhéid deontais, ráta cistiúcháin, costais incháilithe iomlána, srl.) sa chomhaontú deontais.

Déanfar meastóireacht ar éachtaí an tionscadail de réir na dtorthaí a chuirtear i gcrích. Leis an scéim cistiúcháin, d'fhéadfaí díriú ar na haschuir seachas ar na hionchuir, rud a chuirfeadh béim ar cháilíocht agus leibhéal gnóthachtála cuspoirí intomhaiste.

Tugtar tuairisc ar nós mó mionsonraí i samhail an chomhaontaithe deontais atá le fáil ar an Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana (TDCT).

GNÍOMHAÍOCHTAÍ JEAN MONNET

Soláthraítear le gníomhaíochtaí Jean Monnet deiseanna i réimse an ardoideachais agus i réimsí eile oideachais agus oiliúna. Rannchuidíonn gníomhaíochtaí Jean Monnet le scaipeadh eolais faoi chúrsaí lánpháirtithe an Aontais Eorpaigh. Tacaítear leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- **Gníomhaíochtaí Jean Monnet i réimse an ardoideachais**
- **Gníomhaíochtaí Jean Monnet i réimse eile oideachais agus oiliúna**
- **Díospóireacht ar bheartas Jean Monnet (ardoidéachas agus réimsí oideachais agus oiliúna eile)**

Cuirfidh an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA) na gníomhaíochtaí sin chun feidhme.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ JEAN MONNET I RÉIMSE AN ARDOIDEACHAIS

Le Gníomhaíochtaí Jean Monnet san Ardoideachas tacaítear le **teagasc agus taighde** i réimse léann an Aontais Eorpaigh ar fud an domhain.

Baineann léann an Aontais Eorpaigh le teagasc, foghlaim agus taighde maidir leis an Aontas Eorpach agus stair, aidhmeanna, struchtúir, feidhmeanna agus/nó beartais de.

Trí dhíriú ar ghné an Aontais Eorpaigh, ba cheart go gcuirfeadh gníomhaíochtaí Jean Monnet saoránacht ghníomhach Eorpach chun cinn, mar aon le luachanna bunaidh an Aontais Eorpaigh i ndáil le dínit an duine, an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, an smacht reachta agus meas ar chearta an duine, cuir i gcás na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad (Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach).

I gcás bheartais an Aontais Eorpaigh, ní mór do ghníomhaíochtaí Jean Monnet rannchuidiú le scaipeadh eolais faoi conas gur féidir leis na beartais sin dul chun tairbhe do shaolta laethúla saoránach san Aontas agus/nó ar an gcoigríoch, agus/nó faoi conas gur féidir leo dul i bhfeidhm ar an gcóras ceaptha beartas, i réimsí comhchosúla, ar leibhéal an Bhallstáit nó ar an gcoigríoch ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó domhanda. Ba cheart nasc an- soiléir a léiriú idir ábhar an togra agus beartas an Aontais agus/nó topaic an Aontais dá dtagraíonn sé.

Féachann gníomhaíochtaí Jean Monnet freisin le feidhmiú mar veicteoir den taidhleoireacht phoiblí i dtreo tíortha nach bhfuil san Aontas, luachanna an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn agus feabhas a chur ar a infheicthe is atá na luachanna dá seasann an tAontas Eorpach agus a bhfuil sé i gceist aige a bhaint amach.

Na cuspóirí agus na critéir a chuirfear i bhfeidhm maidir le teagasc agus taighde, tá tuairisc orthu thíos.

TEAGASC AGUS TAIGHDE

CUSPÓIRÍ NA NGNÍOMHAÍOCHTAÍ

Le gníomhaíochtaí ‘Teagasc agus Taighde’ Jean Monnet, déanfar na nithe seo a leanas:

- barr feabhais a chur chun cinn sa teagasc agus sa taighde i réimse léann an Aontais Eorpaigh ar fud an domhain;
- an t-idirphlé a chothú idir an saol acadúil agus an tsochaí, cuir i gcás lucht ceaptha beartas ar leibhéal áitiúil, réigiúnach, stáit agus an Aontais, státseirbhísigh, gníomhaithe sochaí sibhialta, ionadaithe leibhéil éagsúla an oideachais agus na meán;
- eolas agus léargais a ghiniúint chun tacú le ceapadh beartais san Aontas Eorpach agus ról an Aontais a neartú laistigh den Eoraip agus i ndomhan domhandaithe;
- dul i bhfeidhm ar phobal níos leithne agus eolas faoin Aontas Eorpach a scaipeadh ar an tsochaí níos leithne (níos faide ná an saol acadúil agus spriocphobail speisialaithe) chun an tAontas Eorpach a thabhairt níos gaire don phobal.

Féachann na gníomhaíochtaí le feidhmiú mar veicteoir na taidhleoireachta poiblí freisin i dtreo tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, luachanna an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn agus feabhas a chur ar a infheicthe is atá na luachanna dá seasann an tAontas Eorpach agus a bhfuil sé i gceist aige a bhaint amach.

TIONSCADAL A BHUNÚ

Ní mór don ghníomhaíocht “Teagasc agus Taighde” Jean Monnet a bheith i gceann de na foirmeacha seo a leanas:

Modúil, Ollúnachtaí, Lárionaid Barr Feabhais

- Is éard atá i gceist le **modúil** cláir theagaisc nó cúrsaí gearra i réimse léann an Aontais Eorpaigh a thairgtear ag institiúid ardoideachais. 40 uair an choig de theagasc ar a laghad atá i ngach modúl in aghaidh na bliana acadúla ar feadh 3 bliana. D'fhéadfadh modúil a bheith dírithe ar aon disciplín ar leith de léann an Aontais Eorpaigh nó d'fhéadfáidís cur chuige ildisciplíneach a ghlacadh agus dá bhrí sin d'fhéadfadh roinnt ollúna agus saineolaithe ionchur acadúil a sholáthar iontu. Is féidir go mbeidh siad i bhfoirm clár gearr speisialaithe nó samhraidh freisin.
- Poist teagaisc atá in **ollúnachtaí** lena mbaineann speisialtóireacht i léann an Aontais Eorpaigh (mar a thugtar tuairisc air thuas) le haghaidh ollúna ollscoile ar feadh tréimhse 3 bliana. Ollamh amháin, agus é sin amháin, a bhfuil Ollúnacht Jean Monnet aige agus is é an t-ollamh sin a sholáthróidh 90 uair an choig de theagasc ar a laghad in aghaidh na bliana acadúla. Is féidir freisin go mbeidh foireann ag an Ollúnacht chun tacú le gníomhaíochtaí na hOllúnachta agus chun iad a fheabhsú, lena n-áirítear soláthar breis uaireanta teagaisc.
- Lárionaid inniúlachta agus eolais ar ábhair an Aontais Eorpaigh atá in **Ionaid Barr Feabhais Jean Monnet**. Ba cheart dóibh saineolas agus inniúlachtaí saineolaithe ardleibhéil a bhailiú arb é is aidhm dóibh sineirgí a fhorbairt idir na disciplíní agus na hacmhainní éagsúla i léann Eorpach (mar a thugtar tuairisc air thuas) chomh maith le gníomhaíochtaí trasnáisiúnta comhpháirteacha a chruthú, agus áirithíonn siad oscailteacht roimh an tsochaí shibhialta freisin. Bíonn ról mór ag Ionaid Barr Feabhais Jean Monnet chun dul i bhfeidhm ar mhic léinn ó dhámha nach mbíonn an plé le saincheisteanna an Aontais Eorpaigh go hiondúil chomh maith le lucht ceaptha beartas, státseirbhísigh, an tsochaí shibhialta eagraithe agus an pobal i gcoitinne.

Iarrtar ar thairbhíthe Jean Monnet (modúil agus sealbhóirí Ollúnachta chomh maith le rannpháirtithe Ionaid Barr Feabhais) gníomhaíochtaí agus imeachtaí a eagrú lena n-áirítear osailteacht don lucht ceaptha beartas, státseirbhísigh, an tsochaí shibhialta agus an pobal i gcoitinne.

Le haghaidh Ollúnachtaí agus Modúl, tuigtear le huairéanta teagaisc uaireanta teagmhála díri i gcomhthéacs léachtaí grúpa, seimineár, ranganna teagaisc, agus féadfar a áireamh leo aon cheann de na nithe sin i bhformáid chianfhoghlama ach ní chuimsítear leo teagasc agus/nó maoirseacht aonair. Tá cúrsaí samhraidh incháilithe le haghaidh Modúl.

CÉ NA CRITÉIR ATÁ LE COMHLÍONADH CHUN IARRATAS A DHÉANAMH AR GHNÍOMHAÍOCHT TEAGAISC AGUS TAIGHDE JEAN MONNET?

CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Tá feidhm ag na critéir incháilitheachta seo a leanas i leith **Mhodúil Jean Monnet**:

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí a bheith: - ina n-institiúid ardoideachais; - bunaithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, Ní mór ECHE bailí a bheith ag institiúidí ardoideachais atá bunaithe i mBallstáit den Aontas agus i dtíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Ní ga ECHE a bheith ag institiúidí ardoideachais rannpháirteacha i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. Eisceacht: níl eagraíochtaí ón mBealarúis (Réigiún 2) ná ó Chónaidhm na Rúise (Réigiún 4) incháilithe chun páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht sin.
Comhdhéanamh cuibhreannais	Ní cheadaítear ach amháin iarratais ó iarratasóirí aonair (tairbhíthe aonair).

Gníomhaíochtaí incháilithe	Ní mór Modúl Jean Monnet a theagasc ar feadh 40 uair an chloig teagaisc ar a laghad in aghaidh na bliana acadúla i réimse léann an Aontais Eorpaigh (mar a thugtar tuairisc air thuas) san institiúid ardoideachais is iarratasóir.
Fad an tionscadail	Ba cheart tréimhse 36 mhí a bheith i gceist leis na tionscadail de ghnáth (is féidir síneadh a chur leis an tréimhse sin, le leasú, má tá údar cuí leis).
Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh?	Faoi bhráid na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr (EACEA). Uimhir aitheantais an Ghlaio: ERASMUS-JMO-2023-MODULE
Cathain is féidir iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí a n-iarratas ar dheontas a chur isteach faoin 14 Feabhra ar 17:00:00 (am na Bruiséile) .

Tá feidhm ag na critéir incháilitheachta seo a leanas i leith **Ollúnachtaí Jean Monnet iarratas a dhéanamh ar:**

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí a bheith: • ina n-institiúid ardoideachais; • bunaithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. Ní mór ECHE bailí a bheith ag institiúidí ardoideachais atá bunaithe i mBallstáit den Aontas agus i dtíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Ní gá ECHE a bheith ag institiúidí ardoideachais rannpháirteacha i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. Eisceacht: níl eagraíochtaí ón mBealarúis (Réigiún 2) ná ó Chónaidhm na Rúise (Réigiún 4) incháilithe chun páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht sin.
Comhdhéanamh cuibhreannais	Ní cheadaítear ach amháin iarratais ó iarratasóirí aonair (tairbhíthe aonair).
Gníomhaíochtaí incháilithe	Ní mór Ollúnacht Jean Monnet a theagasc ar feadh 90 uair an chloig teagaisc ar a laghad in aghaidh na bliana acadúla i réimse léann an Aontais Eorpaigh (mar a thugtar tuairisc air i dTreoir an Chláir) san institiúid ardoideachais is iarratasóir ag an sealbhóir Ollúnachta, gur cheart a bheith ina bhall foirne buan ag an institiúid is iarratasóir.
Fad an tionscadail	Ba cheart tréimhse 36 mhí a bheith i gceist leis na tionscadail de ghnáth (is féidir síneadh a chur leis an tréimhse sin, le leasú, má tá údar cuí leis)
Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh?	Faoi bhráid na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr (EACEA). Uimhir aitheantais an Ghlaio: ERASMUS-JMO-2023-CHAIR
Cathain is féidir iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí a n-iarratas ar dheontas a chur isteach faoin 14 Feabhra ar 17:00:00 (am na Bruiséile) .

Tá feidhm ag na critéir incháilitheachta seo a leanas maidir le **Ionaid Barr Feabhais Jean Monnet**:

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí a bheith: - ina n-institiúid ardoideachais; - bunaithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. Ní thacófar ach le haon Lárionad Barr Feabhais Jean Monnet amháin in aon institiúid ardoideachais rannpháirteach an tráth céanna Ní mór ECHE bailí a bheith ag institiúidí ardoideachais atá bunaithe i mBallstáit den Aontas agus i dtíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Ní gá ECHE a bheith ag institiúidí ardoideachais rannpháirteacha i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. Eisceacht: níl eagraíochtaí ón mBealarúis (Réigiún 2) ná ó Chónaidhm na Rúise (Réigiún 4) incháilithe chun páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht sin.
Comhdhéanamh cuibhreannais	Ní cheadaítear ach amháin iarratais ó iarratasóirí aonair (tairbhíthe aonair).
Fad an tionscadail	Ba cheart tréimhse 36 mhí a bheith i gceist leis na tionscadail de ghnáth (is féidir síneadh a chur leis an tréimhse sin, le leasú, má tá údar cuí leis).
Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh?	Faoi bhráid na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr (EACEA). Uimhir aitheantais an Ghlaio: ERASMUS-JMO-2023-COE
Cathain is féidir iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí a n-iarratas ar dheontas a chur isteach faoin 14 Feabhra ar 17:00:00 (am na Bruiséile) .

Déanfar measúnú ar eagraíochtaí is iarratasóirí de réir na gcritéir eisiamh agus roghnúcháin ábhartha. Chun breis faisnéise a fháil féach Cuid C den Treoir seo.

CRITÉIR DHÁMHACHTANA

Tá feidhm ag na critéir dhámhachtana seo a leanas maidir le **Modúil Jean Monnet**:

Ábharthacht an tionscadail (scór uasta 25 phointe)	A mhéid a chomhlíonann an togra cuspóirí ghníomhaíocht Jean Monnet: • téitear i ngleic le léann an Aontais Eorpaigh (mar a thugtar tuairisc air sa mhír thosaigh), • cothaítear idirphlé idir an saol acadúil agus an tsochaí, lena n-áirítear lucht ceaptha beartas ar leibhéal áitiúil, réigiúnach, stáit agus AE, státseirbhísigh, gníomhaithe sochaí sibhialta, ionadaithe leibhéil éagsúla an oideachais agus na meán, • gintear eolas agus léargais lenar féidir tacú le ceapadh beartais san Aontas Eorpach agus ról an Aontais a neartú i ndomhan domhandaithe, • áirítear obair ghníomhach for-rochtana agus oideachais lena scaipfear eolas faoi
---	--

	ábhair a bhaineann leis an Aontas Eorpach ar an tsochaí níos leithne (lasmuigh den saol acadúil agus spriocphobail speisialaithe) agus lena dtabharfar an tAontas Eorpach níos gaire don phobal. A mhéid a théann an togra i bhfeidhm ar spriocghrúpaí tosaíochta: • mic léinn ardoideachais i léann an Aontais Eorpaigh (mar a thugtar tuairisc air sa mhír thosaigh), • mic léinn ardoideachais nach mbíonn teagmháil uathoibríoch acu le léann an Aontais Eorpaigh (i réimsí lasmuigh den dlí, den eacnamaíocht, agus de na heolaíochtaí polaitiúla), • maidir le tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, an cumas taidhleoireacht phoiblí an Aontais a fheabhsú.
Cáilíocht dhearadh agus chur chun feidhme an tionscadail (scór uasta 25 phointe)	• Modheolaíocht: cáilíocht, úrnuacht agus indéantacht an tionscadail féin agus inmharthanacht na modheolaíochta atá beartaithe; • A mhéid a bhaineann na nithe seo a leanas leis an gclár oibre: ○ Cuirtear i láthair é ar bhealach soiléir, iomlán agus comhleanúnach, agus tugtar aird chuí ar phleanáil iomchuí na gcéimeanna ullmhúcháin, cur chun feidhme, meastóireachta, oibre leantaí agus scaipthe a chur i láthair; ○ léirítear comhleanúnachas ann le cuspóirí agus gníomhaíochtaí an tionscadail; • Straitéis monatóireachta agus meastóireachta
Cáilíocht na comhpháirtíochta agus na socruithe comhair (scór uasta 25 phointe)	• Leibhéal inniúlachta agus breisluach na foirne: Ábharthacht agus comhlántacht phróifíl agus shaineolas na bpríomhbhall foirne atá rannpháirteach sna gníomhaíochtaí atá beartaithe (sna réimsí acadúla agus neamhacadúla, más iomchuí) i dtéarmaí Léann an Aontais Eorpaigh (mar a thugtar tuairisc air sa mhír thosaigh) agus i dtéarmaí an téama shonraigh ar a dtugtar aghaidh leis an togra

Tionchar (scór uasta 25 phointe)	Tionchar measta an tionscadail de bharr éifeachtaí marthanacha • ar an institiúid atá ina hóstach do Ghníomhaíocht Jean Monnet, • ar na mic léinn agus na foghlaimeoirí a bhaineann tairbhe as Gníomhaíocht Jean Monnet, ◦ curaclaim fheabhsaithe nó nuálacha, ◦ inniúlacht níos mó chun mic léinn shármhaithe a mhealladh, ◦ comhar treisithe le comhpháirtithe ó thíortha eile, ◦ leithdháileadh méadaithe acmhainní airgeadais don teagasc agus don taighde ar ábhair a bhaineann leis an Aontas Eorpach laistigh den Aontas, ◦ inniúlacht níos mó chun teagasc agus taighde a dhéanamh ar ábhair a bhaineann leis an Aontas Eorpach. • ar eagraíochtaí agus ar dhaoine aonair eile atá rannpháirteach ar leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus/nó Eorpach. Scaipeadh agus cumarsáid: • A iomchuí atá na bearta, agus cáilíocht na mbeart, arb é is aidhm dóibh torthaí na ngníomhaíochtaí a scaipeadh laistigh agus lasmuigh den institiúid atá ina hóstach do Ghníomhaíocht Jean Monnet: ◦ an focal a scaipeadh, ◦ feasacht a mhúscailt ar thionscadail agus ar thorthaí, feabhas a chur ar infheictheacht rannpháirtithe agus eagraíochtaí, ◦ dul i bhfeidhm ar ghrúpaí lasmuigh de na hinstitiúidí ardoideachais, ◦ inaistritheacht agus aistriú ina mbeartais nua agus ina gcleachtais fheabhsaithe. • A mhéid a rachaidh na huirlisí scaipthe atá beartaithe i bhfeidhm ar an spriocphobal trí bhíthin na nithe seo a leanas: ◦ poiblíocht sna meáin (lena n-áirítear na meáin shóisialta, foilseacháin, srl.), ◦ imeachtaí. Inbhuanaitheacht agus leanúnachas: leis an togra áirítear bearta agus acmhainní iomchuí lena áirithiú go mbeidh torthaí agus tairbhí an tionscadail inbhuanaithe tar éis shaolré an tionscadail.
--	--

Chun bheith curtha san áireamh le haghaidh cistiú, ní mór do thograí **70 pointe** ar an iomlán agus **15 pointe i ngach critéar dámhachtana** a ghnóthú. Tabharfar tosaíocht do na tograí *ex aequo* de réir na scór a ndámhfar orthu le haghaidh an chritéir dámhachtana ‘ábharthacht an tionscadail’ agus ansin ‘tionchar’.

Tá feidhm ag na critéir dhámhachtana seo a leanas i leith **Ollúnachtaí Jean Monnet:**

Ábharthacht an tionscadail (scór uasta 25 phointe)	A mhéid a chomhlíonann an togra cuspóirí ghníomhaíocht Jean Monnet: - tugtar aghaidh ar léann an Aontais Eorpaigh (mar a thugtar tuairisc air sa mhír thosaigh), - cothaítear idirphlé idir an saol acadúil agus an tsochaí, lena n-áirítear lucht ceaptha beartas ar leibhéal áitiúil, réigiúnach, stáit agus AE, státseirbhísigh, gníomhaithe sochaí sibhialta, ionadaithe leibhéil éagsúla an oideachais agus na meán, - gintear eolas agus léargais lenar féidir tacú le ceapadh beartais san Aontas Eorpach agus ról an Aontais a neartú i ndomhan domhandaithe, - áirítear obair ghníomhach for-rochtana agus oideachais lena scaipfear eolas faoi ábhair a bhaineann leis an Aontas Eorpach ar an tsochaí níos leithne (lasmuigh den saol acadúil agus spriocphobail speisialaithe) agus lena dtabharfar an tAontas Eorpach níos gaire don phobal. A mhéid a théann an togra i bhfeidhm ar spriocghrúpaí tosaíochta: - mic léinn ardoideachais i léann an Aontais Eorpaigh (mar a thugtar tuairisc air sa mhír thosaigh), - mic léinn ardoideachais nach mbíonn teagmháil uathoibríoch acu le léann an Aontais Eorpaigh (mar a thugtar tuairisc air sa mhír thosaigh), - maidir le tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, an cumas taidhleoireacht phoiblí an Aontais a fheabhsú.
Cáilíocht dhearadh agus chur chun feidhme an tionscadail (scór uasta 25 phointe)	- Modheolaíocht: cáilíocht, úrnuacht agus indéantacht an tionscadail féin agus inmharthanacht na modheolaíochta atá beartaithe. - Bainistíocht: a mhéid a bhaineann na nithe seo a leanas leis an gclár oibre - cuirtear i láthair é ar bhealach soiléir, iomlán agus comhleanúnach, agus tugtar aird chuí ar phleanáil iomchuí na gcéimeanna ullmhúcháin, cur chun feidhme, meastóireachta, oibre leantaí agus scaipthe a chur i láthair, - léirítear comhleanúnachas ann le cuspóirí agus gníomhaíochtaí an tionscadail. - Straitéis monatóireachta agus meastóireachta.
Cáilíocht na comhpháirtíochta agus na socruithe comhair (scór uasta 25 phointe)	- Próifíl shármhaith agus saineolas shealbhóir na hOllúnachta i léann an Aontais Eorpaigh. (mar a thugtar tuairisc air sa mhír thosaigh). - Ábharthacht agus comhlántacht phróifíl agus shaineolas Shealbhóir na hOllúnachta agus na bpríomhbhall foirne atá rannpháirteach sna gníomhaíochtaí atá beartaithe i dtéarmaí Léann an Aontais Eorpaigh (mar a thugtar tuairisc air sa mhír thosaigh) agus i dtéarmaí na dtéarmaí sonracha ar a dtugtar aghaidh leis an togra. - Fianaise ar an leibhéal taithí i dtaighde ar ábhair a bhaineann leis an Aontas Eorpach.

Tionchar (scór uasta 25 phointe)	Tionchar measta an tionscadail de bharr éifeachtaí marthanacha • ar an institiúid atá ina hóstach do Ghníomhaíocht Jean Monnet, • ar na mic léinn agus na foghlaimeoirí a bhaineann tairbhe as Gníomhaíocht Jean Monnet: ◦ curaclaim fheabhsaithe nó nuálacha, ◦ inniúlacht níos mó chun mic léinn shármhaithe a mhealladh, ◦ comhar treisithe le comhpháirtithe ó thíortha eile, ◦ leithdháileadh méadaithe acmhainní airgeadais don teagasc agus don taighde ar ábhair a bhaineann leis an Aontas Eorpach laistigh den Aontas, ◦ inniúlacht níos mó chun teagasc agus taighde a dhéanamh ar ábhair a bhaineann leis an Aontas Eorpach. • ar eagraíochtaí agus ar dhaoine aonair eile atá rannpháirteach ar leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus/nó Eorpach. Scaipeadh agus cumarsáid: • A iomchuí atá na bearta, agus cáilíocht na mbeart, arb é is aidhm dóibh torthaí na ngníomhaíochtaí a scaipeadh laistigh agus lasmuigh den institiúid atá ina hóstach do Ghníomhaíocht Jean Monnet: ◦ an focal a scaipeadh, ◦ feasacht a mhúscailt ar thionscadail agus ar thorthaí, feabhas a chur ar infheictheacht rannpháirtithe agus eagraíochtaí, ◦ dul i bhfeidhm ar ghrúpaí lasmuigh de na h-institiúidí ardoideachais, ◦ inaistritheacht agus aistriú ina mbeartais nua agus ina gcleachtais fheabhsaithe. • A mhéid a rachaidh na huirlisí scaipthe atá beartaithe i bhfeidhm ar an spriocphobal trí bhíthin na nithe seo a leanas: ◦ trí phoiblíocht sna meáin (lena n-áirítear na meáin shóisialta, foilseacháin, srl.) ◦ imeachtaí. Inbhuanaitheacht agus leanúnachas: leis an togra áirítear bearta agus acmhainní iomchuí lena áirithiú go mbeidh torthaí agus tairbhí an tionscadail inbhuanaithe tar éis shaolré an tionscadail.
---	---

Chun bheith curtha san áireamh le haghaidh cistiú, ní mór do thograí **70 pointe** ar an iomlán agus **15 pointe i ngach critéar dámhachtana** a ghnóthú. Tabharfar tosaíocht do na tograí *ex aequo* de réir na scór a ndámhfar orthu le haghaidh an chritéir dámhachtana ‘ábharthacht an tionscadail’ agus ansin ‘tionchar’.

Tá feidhm ag na critéir dhámhachtana seo a leanas i leith **Ionaid Barr Feabhais Jean Monnet**:

Ábharthacht an tionscadail (scór uasta 25 phointe)	A mhéid a chomhlíonann an togra cuspóirí ghníomhaíochtaí Jean Monnet: - téitear i ngleic le léann an Aontais Eorpaigh (mar a thugtar tuairisc air sa mhír thosaigh), - cothaítear idirphlé idir an saol acadúil agus an tsochaí, lena n-áirítear lucht ceaptha beartas ar leibhéal áitiúil, réigiúnach, stáit agus AE, státseirbhísigh, gníomhaithe sochaí sibhialta, ionadaithe leibhéil éagsúla an oideachais agus na meán, - gintear eolas agus léargais lenar féidir tacú le ceapadh beartais san Aontas Eorpach agus ról an Aontais a neartú i ndomhan domhandaithe, - áirítear obair ghníomhach for-rochtana agus oideachais lena scaipfear eolas faoi ábhair a bhaineann leis an Aontas Eorpach ar an tsochaí níos leithne (lasmuigh den saol acadúil agus spriocphobail speisialaithe) agus lena dtabharfar an tAontas Eorpach níos gaire don phobal. A mhéid a théann an togra i bhfeidhm ar níos mó spriocghrúpaí: - cineál thairbhíthe an tsaineolais ón Lárionad atá beartaithe, - rannpháirtíocht Dámh/Ranna nach bhfuil i dteagmháil le cineálacha léinn a bhaineann go sonrach leis an Aontas Eorpach, - maidir le tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, an cumas taidhleoireacht phoiblí an Aontais a fheabhsú.
Cáilíocht dhearadh agus chur chun feidhme an tionscadail (scór uasta 25 phointe)	- Modheolaíocht: cáilíocht, úrnuacht agus indéantacht an tionscadail féin agus inmharthanacht na modheolaíochta atá beartaithe. - A mhéid a bhaineann na nithe seo a leanas leis an gclár oibre - cuirtear i láthair é ar bhealach soiléir, iomlán agus comhleanúnach, agus tugtar aird chuí ar phleanáil iomchuí na gcéimeanna ullmhúcháin, cur chun feidhme, meastóireachta, oibre leantaí agus scaipthe a chur i láthair, - léirítear comhleanúnachas ann le cuspóirí agus gníomhaíochtaí an tionscadail. - A mhéid atá na hacmhainní atá sannta do phacáistí oibre i gcomhréir lena gcuspóirí agus lena dtáirgí insoláthartha. - Straitéis monatóireachta agus meastóireachta.
Cáilíocht na comhpháirtíochta agus na socrúithe comhair (scór uasta 25 phointe)	- Cáilíocht agus breisluach na rannpháirtithe san Ionad. - Ábharthacht agus comhlántacht phróifíl agus shaineolas na mball foirne atá rannpháirteach sna gníomhaíochtaí atá beartaithe sa tionscadal i dtéarmaí Léann an Aontais Eorpaigh agus i dtéarmaí na dtéamaí sonracha a dtéann an togra i ngleic leo araon. - Socrúithe comhair laistigh den Institiúid Ardoideachais agus dáileadh ról. - Gealltanas na hinstitiúide chun an tIonad a fhorbairt agus a choinneáil ar bun.

Tionchar (scór uasta 25 phointe)	Tionchar measta an tionscadail de bharr éifeachtaí marthanacha • ar an institiúid atá ina hóstach do Ghníomhaíocht Jean Monnet, • ar na Dámha/Ranna a bhaineann tairbhe as Gníomhaíocht Jean Monnet ◦ inneachar feabhsaithe nó nuálach, forbairt dearcthaí nua taighde shonraigh, ◦ inniúlacht níos mó chun mic léinn shármhaithe agus taighdeoirí sármhaithe a mhealladh, ◦ comhar atreistithe agus inniúlacht nascadh le comhpháirtithe ó thíortha eile, ◦ leithdháileadh méadaithe acmhainní airgeadais don teagasc agus don taighde ar ábhair a bhaineann leis an Aontas Eorpach laistigh den Aontas, ◦ inniúlacht níos mó chun teagasc agus taighde a dhéanamh ar ábhair a bhaineann leis an Aontas Eorpach. • ar eagraíochtaí agus ar dhaoine aonair eile atá rannpháirteach ar leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus/nó Eorpach. Scaipeadh agus cumarsáid: • A iomchuí atá na bearta, agus cáilíocht na mbeart, arb é is aidhm dóibh torthaí na ngníomhaíochtaí a scaipeadh laistigh agus lasmuigh den institiúid atá ina hóstach do Ghníomhaíocht Jean Monnet: ◦ an focal a scaipeadh, ◦ feacht a mhúscailt ar thionscadail agus ar thorthaí, feachtas a chur ar infheictheacht rannpháirtithe agus eagraíochtaí, ◦ dul i bhfeidhm ar ghrúpaí lasmuigh de na hinstitiúidí ardoideachais, ◦ inaistritheacht agus aistriú ina mbeartais nua agus ina gcleachtais fheabhsaithe. • A mhéid a rachaidh na huirlisí scaipthe atá beartaithe i bhfeidhm ar an spriocphobal trí bhíthin na nithe seo a leanas: ◦ poiblíocht sna meáin (lena n-áirítear na meáin shóisialta, foilseacháin, srl.), ◦ Imeachtaí. Inbhuanaitheacht agus leanúnachas: leis an togra áirítear bearta agus acmhainní iomchuí lena áirithiú go mbeidh torthaí agus tairbhí an tionscadail inbhuanaithe tar éis shaolré an tionscadail.
--	--

Chun bheith curtha san áireamh le haghaidh cistiú, ní mór do thograí **70 pointe** ar an iomlán agus **15 pointe i ngach critéar dámhachtana** a ghnóthú. Tabharfar tosaíocht do na tograí *ex aequo* de réir na scór a ndámhfar orthu le haghaidh an chritéir dámhachtana ‘ábharthacht an tionscadail’ agus ansin ‘tionchar’.

SPRIOCANNA GEOGRAFACHA

Rannchuidíonn ionstraimí gníomhaíochta seachtraí an Aontais leis an ngníomhaíocht sin. Roinntear an buiséad atá ar fáil idir réigiúin éagsúla agus tá méid gach clúdaigh bhuiséadaigh éagsúil. Foilseofar tuilleadh faisnéise maidir leis na méideanna atá ar fáil faoi gach clúdach buiséadach ar an Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana (TDCT).

Is iad seo a leanas na spriocanna geografacha a leagtar síos don ghníomhaíocht sin:

Maidir leis an Áise: Féadfar 75 % ar a mhéad den mhaoiniú a leithdháileadh do thíortha ardioncaim sa réigiún sin;
Don Afraic Fho-Shahárach: Tabharfar tosaíocht do na tíortha is lú forbairt; cuirfear béim speisialta chomh maith ar thíortha tosaíochta imirce agus ar thionscadail réigiúnacha lena mbaineann institiúidí ardoideachais ó roinnt tíortha.

TIONCHAR MEASTA

CAINNÍOCHTÚIL

Líon méadaitheach institiúidí ardoideachais a fheabhsaíonn éirim an Aontais i leith na ndisciplíní a chumhdaítear leo.

Líon méadaitheach ábhar faoin Aontas Eorpach tugtha isteach i dteagasc agus i dtaighde Dámh/Ranna nach mbíonn an ghné AE forbartha go hiondúil – lasmuigh de na hábhair a bhfuil an bhaint atá acu leis an Aontas aitheanta go hiondúil.

CÁILÍOCHTÚIL

A mhéid a bhaineann leis na rannpháirtithe a bhfuil baint dhíreach acu leis na gníomhaíochtaí, beidh éifeachtaí dearfacha marthanacha ag ‘teagasc agus taighde’ Jean Monnet ar mhic léinn agus ar thaighdeoirí/ollúna araon agus:

- cuirfear daonlathas agus braistint muintearais le limistéar coiteann chun cinn; d’fhéadfaí tomhas ar spéis níos mó i measc na hóige i mbeartais Eorpacha a mheasúnú trí shuirbhéanna sonracha;
- spéis níos mó i ndaingniú an eolais ar bheartais shonracha an Aontais Eorpaigh, a bhféadfadh a bheith mar thoradh air rannpháirtíocht níos gníomhaí i ngníomhaíochtaí an Aontais agus sa tseirbhís phoiblí;
- méadú ar na deiseanna do thaighdeoirí óga feabhas a chur ar a n-inniúlachtaí gairmiúla agus borradh a chur faoina ngairm.

Maidir leis na heagraíochtaí rannpháirteacha, cuirfear an tsnáithe ‘teagasc agus taighde’ faoi Jean Monnet feabhas ar dhinimic nua agus:

- cuirfear le hinniúlacht na nInstitiúidí Ardoideachais ábhair a bhaineann leis an Aontas Eorpach a theagasc
- meallfar foghlaimoírí agus múinteoirí breise agus nua a bhfuil spéis acu eolas a chur ar an Aontas Eorpach
- cruthófar lárionaid struchtúrtha ina soláthrófar eolas ardleibhéil agus ardaighde a bhaineann go sonrach leis an Aontas Eorpach do Dhámha/Ranna a bhfuil tacaíocht ag teastáil uathu.

CAD IAD NA RIALACHA CISTIÚCHÁIN ATÁ ANN?

Leanann an ghníomhaíocht seo samhail cistiúcháin cnapshuime. Leis an scéim cistiúcháin sin, d’fhéadfaí díriú ar na haschuir seachas ar na hionchuir, rud a chuirfeadh béim ar cháilíocht agus leibhéal gnóthachtála cuspóirí intomhaiste.

Is mar a leanas **an deontas uasta ón Aontas** in aghaidh an tionscadail:

- Modúil Jean Monnet: EUR **30000**
- Ollúnachtaí Jean Monnet: EUR **50000**
- Ionaid Barr Feabhais Jean Monnet: EUR **100 000**

Cumhdófar le ranníocaíochtaí cnapshuime, costais ball foirne, costais taistil agus chothaithe, costais trealaimh agus fochonraitheoireachta mar aon le costais eile (scaipeadh faisnéise, foilsíú, aistriú).

Modúil agus Ollúnachtaí Jean Monnet

Ní mór d’iarratasóirí méid réamhshainithe na cnapshuime aonair a léirítear sna táblaí thíos a iarraidh san iarratas. Sna táblaí thíos léirítear an chnapshuim iomlán in aghaidh an tíre a chomhfhreagraíonn don líon iomlán uaireanta teagaisc. Is iad na méideanna sa tábla an ranníocaíocht chríochnaitheach ón Aontas ós rud é go bhfuil cómhaoiniú 75 % leabaithe.

a.1) Le haghaidh Mhodúil Jean Monnet le haghaidh Ballstát den Aontas agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár

Tír/uaireant a teagaisc i gcaitheamh na tréimhse 3 bliana (ar a laghad 40u/in aghaidh na bliana)	An Bhulgáir, an Rómáin, An Mhacadóin Thuaidh, Lichtinstéin, an tSeirbia	An Tuirc, an Chróit, an Laitvia	An Ungáir, an Pholainn, an Liotuáin, Poblacht na Seice, an Eastóin, an tSlóvaic	An Phortaingéil, an Ghréig, an tSlóivéin, Málta	An Chipir, an Íoslainn, an Spáinn, an Iodáil	Éire, an Fhrainc, an Fhionlainn	An Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, Lucsamburg, an Ísiltír, an Ostair, an tSualainn, an Iorua
120-150	EUR 11 500	EUR 13 500	EUR 15 000	EUR 19 000	EUR 22 000	EUR 26 000	EUR 28 000
151-180	EUR 14 500	EUR 16 500	EUR 18 500	EUR 23 000	EUR 27 500	EUR 30 000	EUR 30 000
181-210	EUR 16 500	EUR 19 500	EUR 22 000	EUR 27 000	EUR 30 000	EUR 30 000	EUR 30 000
211-240	EUR 19 000	EUR 22 500	EUR 25 500	EUR 30 000	EUR 30 000	EUR 30 000	EUR 30 000
241-270	EUR 21 500	EUR 25 500	EUR 29 000	EUR 30 000	EUR 30 000	EUR 30 000	EUR 30 000
271-300	EUR 24 000	EUR 28 500	EUR 30 000	EUR 30 000	EUR 30 000	EUR 30 000	EUR 30 000
301-330	EUR 26 500	EUR 30 000	EUR 30 000	EUR 30 000	EUR 30 000	EUR 30 000	EUR 30 000
331-360	EUR 30 000	EUR 30 000	EUR 30 000	EUR 30 000	EUR 30 000	EUR 30 000	EUR 30 000

a.2) Modúil Jean Monnet le haghaidh tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár

Tír/uaireanta teagaisc i gcaitheamh na tréimhse 3 bliana (ar a laghad 40u/in aghaidh na bliana)	An tSile, San Críostóir-Nimheas, Meicsiceo, an Libia, Antigua agus	Bairéin, Oileán na Tríonóide agus Tobága	An Araib Shádach, na Séisíil, an Ghuine Mheánchiorclach, Óman, Iosrael	An Chóiré, Poblacht na Nua-Shéalainne	An tSeapáin, an Ríocht Aontaithe	An Astráil, Brúiné, Ceanada, Hong Cong, Cuáit, Catar, Singeapór, an Eilvéis, Aontas na
---	--	--	--	---------------------------------------	----------------------------------	--

bliana)	Barbúda, Barbadós, tíortha eile					nÉimíróchtaí Arabacha, Stáit Aontaithe Mheiriceá
120-150	EUR 11 500	EUR 15 000	EUR 19 000	EUR 22 000	EUR 26 000	EUR 28 000
151-180	EUR 14 000	EUR 18 500	EUR 23 000	EUR 27 500	EUR 30 000	EUR 30 000
181-210	EUR 16 500	EUR 22 000	EUR 27 000	EUR 30 000	EUR 30 000	EUR 30 000
211-240	EUR 19 000	EUR 25 500	EUR 30 000	EUR 30 000	EUR 30 000	EUR 30 000
241-270	EUR 21 500	EUR 29 000	EUR 30 000	EUR 30 000	EUR 30 000	EUR 30 000
271-300	EUR 24 000	EUR 30 000	EUR 30 000	EUR 30 000	EUR 30 000	EUR 30 000
301-330	EUR 26 500	EUR 30 000	EUR 30 000	EUR 30 000	EUR 30 000	EUR 30 000
331-360	EUR 30 000	EUR 30 000	EUR 30 000	EUR 30 000	EUR 30 000	EUR 30 000

Tugtar tuairisc ar níos mó mionsonraí i samhail an chomhaontaithe deontais atá le fáil ar an Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana (TDCT).

b.1) Ollúnachtaí Jean Monnet le haghaidh Ballstát den Aontas agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár

Tír/uaireanta teagaisc i gcaitheamh na tréimhse 3 bliana (ar a laghad 90u/in aghaidh na bliana)	An Bhulgáir, an Rómáin, An Mhacadóin Thuaidh, Lichtinstéin, an tSeirbia	An Tuirc, an Chróit, an Laitvia	An Ungáir, an Pholainn, an Liotuáin, Poblacht na Seice, an Eastóin, an tSlóvaic	An Phortaingé il, an Ghréig, an tSlóivéin, Málta	An Chipir, an Íoslainn, an Spáinn, an Iodáil	Éire, an Fhrainc, an Fhionlainn	An Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, Lucsamburg, an Ísiltír, an Ostair, an tSualainn, an Iorua
270-300	EUR 18 000	EUR 19 000	EUR 25 000	EUR 31 000	EUR 37 000	EUR 43 000	EUR 47 000
301-330	EUR 20 000	EUR 21 000	EUR 28 000	EUR 34 000	EUR 41 000	EUR 47 000	EUR 50 000

331-360	EUR 22 000	EUR 23 000	EUR 31 000	EUR 37 000	EUR 45 000	EUR 50 000	EUR 50 000
361-390	EUR 24 000	EUR 25 000	EUR 34 000	EUR 40 000	EUR 49 000	EUR 50 000	EUR 50 000
391-420	EUR 26 000	EUR 27 000	EUR 37 000	EUR 43 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000
421-450	EUR 28 000	EUR 29 000	EUR 40 000	EUR 46 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000
451-480	EUR 30 000	EUR 31 000	EUR 43 000	EUR 49 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000
481-510	EUR 32 000	EUR 33 000	EUR 46 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000
511-540	EUR 34 000	EUR 35 000	EUR 49 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000
541-570	EUR 36 000	EUR 37 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000
571-600	EUR 38 000	EUR 39 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000
601-630	EUR 40 000	EUR 41 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000
631-660	EUR 42 000	EUR 43 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000
661-690	EUR 44 000	EUR 45 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000
691-720	EUR 46 000	EUR 47 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000
721-750	EUR 48 000	EUR 49 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000
>750	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000

b.2) Ollúnacht Jean Monnet le haghaidh tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár

Tír/uaireanta teagaisc i gcaitheamh na tréimhse 3 bliana (ar a laghad 90u/in aghaidh na bliana)	An tSile, San Críostóir-Nimheas, Meicsiceo, an Libia, Antigua agus Barbúda, Barbados, tíortha eile	Bairéin, Oileán na Tríonóide agus Tobága	An Araib Shádach, na Séiséil, an Ghuine Mheánchiorclach, Óman, Iosrael	Poblacht na Cóiré, an Nua-Shéalainn	An tSeapáin, an Ríocht Aontaithe	An Astráil, Brúiné, Ceanada, Hong Cong, Cuáit, Catar, Singeapór, an Eilvéis, Aontas na nÉimírichtaí Arabacha, Stáit Aontaithe Mheiriceá
270-300	EUR 21 000	EUR 24 000	EUR 31 000	EUR 37 000	EUR 43 000	EUR 47 000
301-330	EUR 23 000	EUR 27 000	EUR 34 000	EUR 41 000	EUR 47 000	EUR 50 000
331-360	EUR 25 000	EUR 30 000	EUR 37 000	EUR 45 000	EUR 50 000	EUR 50 000
361-390	EUR 27 000	EUR 33 000	EUR 40 000	EUR 49 000	EUR 50 000	EUR 50 000
391-420	EUR 29 000	EUR 36 000	EUR 43 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000
421-450	EUR 31 000	EUR 39 000	EUR 46 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000
451-480	EUR 33 000	EUR 42 000	EUR 49 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000
481-510	EUR 35 000	EUR 45 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000
511-540	EUR 37 000	EUR 48 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000
541-570	EUR 39 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000
571-600	EUR 41 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000
601-630	EUR 43 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000
631-660	EUR 45 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000
661-690	EUR 47 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000
691-720	EUR 49 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000
721-750	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000
>750	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000	EUR 50 000

Tugtar tuairisc ar níos mó mionsonraí i samhail an chomhaontaithe deontais atá le fáil ar an Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana (TDCT).

a) Ionaid Barr Feabhais Jean Monnet

Leanann an ghníomhaíocht seo samhail cistiúcháin cnapshuime. Cinnfear méid na ranníocaíochta cnapshuime aonair le haghaidh gach deontais bunaithe ar bhuiséad measta na gníomhaíochta atá beartaithe ag an iarratasóir. Socróidh an t-údarás deonúcháin cnapshuim gach deontais bunaithe ar an togra, ar an toradh meastóireachta, ar na rátaí cistiúcháin agus ar uasmhéid an deontais atá socraithe sa ghla.

Is é EUR 100 000 an ranníocaíocht uasta ón Aontas in aghaidh an tionscadail
--

Conas a chinntear cnapshuim an tionscadail?

Ní mór d'iarratasóirí tábla buiséid mionsonraithe a líonadh isteach de réir na foirme iarratais, agus na pointí seo a leanas á gcur san áireamh:

- a) Ba cheart an buiséad a bheith mionsonraithe agus eagraithe i bpacáistí oibre comhleanúnacha (mar shampla roinnte i 'bainistíocht tionscadail', 'oiliúint', 'eagrú imeachtaí', 'ullmhú agus cur chun feidhme na soghluaisteachta', 'cumarsáid agus scaipeadh', 'dearbhu cáilíochta', srl.);
- b) Leis an togra ní mór tuairisc a thabhairt ar na gníomhaíochtaí a chumhdaítear le gach pacáiste oibre;
- c) Ní mór d'iarratasóirí miondealú ar na costais mheasta a sholáthar ina dtogra lena léirítear an scair in aghaidh an phacáiste oibre;
- d) Sna costais is féidir costais ball foirne, costais taistil agus chothaithe, costais trealaimh agus fochonraitheoireachta chomh maith le costais eile (amhail scaipeadh faisnéise, foilsíú, aistriú) a chumhdach.

Déanfar meastóireacht ar thograí de réir na nósanna imeachta meastóireachta caighdeánacha le cuidiú ó shaineolaithe inmheánacha agus/nó seachtracha. Déanfaidh na saineolaithe measúnú ar cháilíocht na dtograí de réir na gceanglas a shainítear sa ghla agus thionchar, cháilíocht agus éifeachtúlacht mheasta na gníomhaíochta.

I ndiaidh na meastóireachta ar an togra, cinnfidh an t-oifigeach údarúcháin méid na cnapshuime, agus torthaí an mheasúnúcháin a rinneadh á gcur san áireamh. Beidh an chnapshuim teoranta do 80 % ar a mhéad den bhuiséad measta a chinntear tar éis na meastóireachta.

Socrófar paraiméadair an deontais (uasmhéid deontais, ráta cistiúcháin, costais incháilithe iomlána, srl.) sa chomhaontú deontais.

Déanfar meastóireacht ar éachtaí an tionscadail de réir na dtorthaí a chuirtear i gcrích. Leis an scéim cistiúcháin, d'fhéadfaí díriú ar na haschuir seachas ar na hionchuir, rud a chuirfeadh béim ar cháilíocht agus leibhéal gnóthachtála cuspóirí intomhaiste.

Tugtar tuairisc ar níos mó mionsonraí i samhail an chomhaontaithe deontais atá le fáil ar an Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana (TDCT).

GNÍOMHAÍOCHTAÍ JEAN MONNET I RÉIMSE EILE OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

Is cuid mhór de chur chun cinn na saoránachta gníomhaí agus chomhluachanna na saoirse, na caoinfhulaingthe, agus an neamh- idirdhealaithe é foghlaim faoi chuspóirí agus faoi fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Tá fonn ar mhúinteoirí agus oiliúnóirí tabhairt faoi dheiseanna le haghaidh a bhforbartha gairmiúla féin; léiríonn líon mór múinteoirí gur gá a n- inniúlachtaí a fhorbairt chun atmaisféar cuimsitheach sa seomra ranga a fhorbairt agus úsáid á baint as Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC), agus teagasc i seomraí ranga ilteangacha agus ilchultúrtha. Teastaíonn deiseanna fáis ghairmiúil uathu freisin maidir leis an éirim Eorpach de theagasc i scoileanna, go háirithe maidir le teagasc faoin Aontas Eorpach ar bhealaí mealltacha.

Is é an cuspóir foriomlán atá ann tuiscint níos fearr a chur chun cinn, san oideachas ginearálta agus sa ghairmoiliúint araon (ISCED 1 – 4), ar an Aontas Eorpach agus ar fheidhmiú a Institiúidí agus aghaidh a thabhairt ar an easpa forleathan eolais faoin Aontas Eorpach agus ar an- chuid bréagaisnéise, a chuireann méadú, dá réir sin, ar mhíshástacht daoine maidir leis an Aontas agus a bheartais.

OILIÚINT MÚINTEOIRÍ JEAN MONNET

Eagróidh institiúidí ardoideachais nó institiúidí/gníomhaireachtaí oiliúna múinteoirí gníomhaíochtaí faoin ngníomhaíocht seo lena gcuirtear é ar a gcumas do mhúinteoirí i scoileanna agus soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna scileanna nua a fhorbairt, ábhair ón Aontas a theagasc agus dul i mbun plé fúthu, rud a chumhachtaíonn dóibh trí thuiscint níos fearr a fháil ar an Aontas agus ar fheidhmiú an Aontais.

Neartóidh comhlachtaí oiliúna múinteoirí (le haghaidh oiliúint tosaigh múinteoirí agus forbairt ghairmiúil leanúnach le haghaidh múinteoirí araon) an t- eolas inmheánach atá acu agus a scileanna maidir le hábhair ón Aontas a theagasc, agus fágfaidh sin go mbeidh múinteoirí níos oilte agus inneachar ón Aontas á thabhairt isteach acu ina ngníomhaíochtaí acu.

Le gníomhaíochtaí oiliúna múinteoirí tacófar le baill foirne oideachasúla i scoileanna agus soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna (ISCED 1 – 4).

CUSPÓIRÍ NA GNÍOMHAÍOCHTA

Is é is aidhm d’**Oiliúint Múinteoirí Jean Monnet** tacú le scoileanna agus soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna chun inneachar ón Aontas a phleanáil, a eagrú agus a sholáthar ina gcuraclaim agus ina ngníomhaíochtaí seach- churclaim. Is iad seo a leanas na príomhchuspóirí:

- ligean do scoileanna agus soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna (VET) (ISCED 1- 4) eolas a thiomsú faoin Aontas i measc a mball foirne teagaisc;
- Tograí oiliúna struchtúrtha ar ábhair a bhaineann leis an Aontas a thairiscint do scoileanna agus soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna, inneachar agus modheolaíochtaí a sholáthar do mhúinteoirí atá ag teagasc ar leibhéil éagsúla, ó chúlraí éagsúla agus a bhfuil taithí éagsúil acu;
- cúrsaí oiliúna sonracha (modúlacha, cónaitheacha, cumaisc nó ar líne) do dhaoine aonair nó do ghrúpaí a sholáthar do mhúinteoirí a bhfuil spéis acu san Aontas Eorpach agus atá toilteanach ábhair a bhaineann leis an Aontas Eorpach a lánpháirtiú ina gcuid oibre laethúla;
- muinín múinteoirí a chothú chun gné a bhaineann leis an Aontas a lánpháirtiú ina n- obair laethúil.

CÉ NA CRITÉIR ATÁ LE COMHLÍONADH CHUN IARRATAS A DHÉANAMH AR OIDEACHAS/OILIÚINT MÚINTEOIRÍ JEAN MONNET?

CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí a bheith: - Ina nInstitiúid Ardoideachais a sholáthraíonn oiliúint tosaigh agus/nó inseirbhíse do mhúinteoirí scoileanna agus/nó institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna (VET) (ISCED 1-4) a bhfuil ECHE bailí acu; nó - Ina nInstitiúid / Gníomhaireacht Oiliúna / Oideachais Múinteoirí a sholáthraíonn oiliúint tosaigh agus/nó inseirbhíse do mhúinteoirí scoileanna agus/nó institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna (VET) (ISCED 1-4). Ní mór d'iarratasóirí a bheith bunaithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár.
Comhdhéanamh cuibhreannais	Ní cheadaítear ach amháin iarratais ó iarratasóirí aonair (tairbhithe aonair).
Fad an tionscadail	Ba cheart tréimhse 36 mhí a bheith i gceist leis na tionscadail de ghnáth (is féidir síneadh a chur leis an tréimhse sin, le leasú, má tá údar cuí leis).
Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh?	Faoi bhráid na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr (EACEA) Uimhir aitheantais an Ghlaio: ERASMUS-JMO-2023-OFET-TT
Cathain is féidir iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí a n-iarratas ar dheontas a chur isteach faoin 14 Feabhra ar 17:00:00 (am na Bruiséile)

Déanfar measúnú ar eagraíochtaí is iarratasóirí de réir na gcritéir eisiamh agus roghnúcháin ábhartha. Chun breis faisnéise a fháil féach Cuid C den Treoir seo.

TIONSCADAL A BHUNÚ

Múinteoirí atá feistithe le modheolaíochtaí nua agus nuálacha chun inneachar maidir leis an Aontas Eorpach a mholadh d'fhoghlaiméirí, cuideoidh siad le fórais agus eolas a thabhairt isteach faoin Aontas Eorpach i ngníomhaíochtaí curaclaim agus seach- curaclaim.

Is institiúid í an Ghníomhaireacht/Institiúid Oiliúna Múinteoirí- a bhfuil soláthar oiliúna/oideachais múinteoirí mar chuid dá príomhghníomhaíochtaí.

Ba cheart ullmhú agus soláthar oiliúna / oideachais múinteoirí a chuimsiú in **Oiliúint/Oideachas Múinteoirí Jean Monnet**. Féadfaidh na gníomhaíochtaí sin a bheith i bhfoirm cúrsaí nó modúil spriocdhírithe, agus an chianfhoghlaim (MOOC agus/nó gníomhaíochtaí cumaisc) san áireamh. Ba cheart don **Oiliúint/Oideachas Múinteoirí** a bheith foirmiúil agus ba cheart deimhniú a bhronnadh ag an deireadh.

Leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe ba cheart tacaíocht le haghaidh rannpháirtithe a áireamh freisin (mar shampla ranníocaíocht le costais taistil agus chothaithe, soláthar lámhleabhar agus uirlisí sonracha eile, díolúine ó tháillí).

Ní mór d'**Oiliúint/ Oideachas Múinteoirí Jean Monnet** a bheith i gceann amháin díobh seo a leanas:

- oiliúint maidir le modheolaíochtaí teagaisc chun aghaidh a thabhairt ar ábhair maidir leis an Aontas;
- oiliúint maidir le hábhair faoin Aontas Eorpach;

- eispéiris foghlama in ábhair a bhaineann leis an Aontas Eorpach a chuireann le cúrsaí atá ann cheana (comharfhoghlaim i measc ranganna, comhtheagasc);
- seimineáir, cúrsaí samhraidh agus dianchúrsaí, cineálacha eile eispéireas de chuid an Aontais lena mbaineann geallsealbhóirí eile.

Féadfar na nithe thuas a dhéanamh mar a leanas:

- Treoraíocht ad hoc a sholáthar chun an oiliúint a roghnú;
- Oiliúint fhisiceach, ar líne agus/nó cumaisc.

TIONCHAR MEASTA

Cainníochtúil

- an líon tairbhíthe de réir an Bhallstáit den Aontas nó na tíre nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár / réigiún
- an líon tairbhíthe **oiliúna / oideachais múinteoirí** de réir tíre / réigiúin

Cáilíochtúil

Le **hOiliúint/Oideachas Múinteoirí Jean Monnet** meastar go dtabharfar éifeachtaí dearfacha agus marthanacha do na hinstitiúidí a sholáthraíonn oiliúint múinteoirí tosaigh agus/nó inseirbhíse agus do na rannpháirtithe araon i dtaca lena ngníomhaíochtaí.

Leis an Oiliúint Múinteoirí, cuirfear leis na deiseanna do bhaill foirne teagasc i dtéarmaí forbairt ghairmiúil agus gairme.

Is é is aidhm do na gníomhaíochtaí dá dtugtar tacaíocht faoi **Oiliúint / Oideachas Múinteoirí Jean Monnet** na torthaí seo a leanas a bhaint amach:

- múinteoirí níos oilte a bheith ann trí mhodheolaíochtaí a fháil chun ábhair maidir leis an Aontas a theagasc;
- inniúlacht níos mó chun ábhair maidir leis an Aontas a theagasc;
- eolas níos fearr ar ábhair maidir leis an Aontas;
- tairiscint leathnaithe oiliúna sonraí ag eagraíochtaí a sholáthraíonn oiliúint múinteoirí tosaigh agus/nó inseirbhíse.

CRITÉIR DHÁMHACHTANA

Déanfar measúnú ar thionscadail de réir na gcritéar seo a leanas:

Ábharthacht an tionscadail (scór uasta 25 phointe)	• A mhéid a chomhlíonann an togra cuspóirí ghníomhaíocht Jean Monnet: ○ téitear i ngleic le léann an Aontais Eorpaigh (mar a thugtar tuairisc air sa mhír thosaigh), ○ cuirtear é ar a gcumas do mhúinteoirí i scoileanna scileanna nua a fhorbairt, ○ gintear tuiscint níos fearr ar an Aontas agus ar fheidhmiú an Aontais, ○ cuirtear é ar a gcumas do mhúinteoirí inneachar an Aontais a thabhairt isteach ina ngníomhaíochtaí. • A mhéid a théann an togra i bhfeidhm ar spriocghrúpaí tosaíochta: ○ scoileanna agus soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna (ISCED 1 - 4), ○ Múinteoirí.
Cáilíocht dhearadh agus chur chun feidhme an tionscadail (scór uasta 25 phointe)	• Modheolaíocht: cáilíocht, úrnuacht agus indéantacht an tionscadail féin agus inmharthanacht a mhodheolaíochta. • A mhéid a bhaineann na nithe seo a leanas leis an gclár oibre: ○ cuirtear i láthair é ar bhealach soiléir, iomlán agus comhleanúnach, agus tugtar aird chuí ar phleanáil iomchuí na gcéimeanna ullmhúcháin, cur chun feidhme, meastóireachta, oibre leantaí agus scaipthe a chur i láthair, ○ léirítear comhleanúnachas ann le cuspóirí agus gníomhaíochtaí an togra, ○ áirítear tacaíocht le haghaidh rannpháirtithe (mar shampla ranníocaíocht le costais taistil agus chothaithe, soláthar lámhleabhar agus uirlisí sonracha eile, díolúine ó tháillí). • A mhéid atá na hacmhainní atá sannta do phacáistí oibre i gcomhréir lena gcuspóirí agus lena dtáirgí insoláthartha. • Straitéisí monatóireachta agus meastóireachta.
Cáilíocht na comhpháirtíochta agus na socruithe comhair (scór uasta 25 phointe)	• Leibhéal inniúlachta agus breisluach na foirne: ○ Ábharthacht agus comhlántacht phróifíil agus shaineolas na bpríomhbhall foirne atá rannpháirteach sna gníomhaíochtaí atá beartaithe (sna réimsí acadúla agus neamhacadúla, más iomchuí): ▪ i dtéarmaí léann an Aontais Eorpaigh (mar a thugtar tuairisc air sa mhír thosaigh), ▪ i dtéarmaí an téama shonraigh ar a dtugtar aghaidh leis an togra.

Tionchar (scór uasta 25 phointe)	• Tionchar measta na hoiliúna múinteoirí agus na héifeachtaí marthanacha: Ar scoileanna agus soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna (ISCED 1 - 4), ○ inniúlacht níos mó chun dul i mbun teagaisc ar ábhair maidir leis an Aontas, ○ inneachar feabhsaithe nó nuálach, forbairt dearcthaí nua chun ábhair maidir leis an Aontas a áireamh sna curaclaim, ○ ar an institiúid a eagraíonn na gníomhaíochtaí, ○ comhar treisithe agus inniúlacht nascadh le comhpháirtithe, ○ líon agus leibhéal na hoiliúna atá beartaithe agus an líon féideartha tairbhíthe, ○ leithdháileadh méadaithe acmhainní airgeadais chun níos mó gníomhaíochtaí oiliúna spriocdhírthe a fheabhsú laistigh den institiúid. - Ar na tairbhíthe ón nGníomhaíocht Jean Monnet ○ Scileanna múinteoirí ar inneachar maidir leis an Aontas a neartú ina ngníomhaíochtaí. • Scaipeadh agus cumarsáid: ○ A iomchuí atá na gníomhaíochtaí, agus cáilíocht na ngníomhaíochtaí, arb é is aidhm dóibh torthaí na ngníomhaíochtaí a scaipeadh laistigh agus lasmuigh den institiúid atá ina hóstach do Ghníomhaíocht Jean Monnet, ○ feasacht a mhúscailt ar thionscadail agus ar thorthaí, feabhas a chur ar infheictheacht rannpháirtithe agus eagraíochtaí, ○ dul i bhfeidhm ar ghrúpaí lasmuigh den spriocghrúpa díreach, ○ A mhéid a rachaidh na huirlisí scaipthe atá beartaithe i bhfeidhm ar an spriocphobal, ○ Inbhuanaitheacht agus leanúnachas: leis an togra áirítear bearta agus acmhainní iomchuí lena áirithiú go mbeidh torthaí agus tairbhí an tionscadail inbhuanaithe tar éis shaolré an tionscadail.
--	---

Chun bheith curtha san áireamh le haghaidh cistiú, ní mór do thograí ar a laghad **70 pointe** ar an iomlán a ghnóthú agus ar a laghad **15 pointe i ngach critéar dámhachtana**. Na tograí ex aequo laistigh den ábhar céanna tabharfar tosaíocht dóibh de réir na scór a bheidh dáfa orthu le haghaidh an chritéir dámhachtana ‘ábharthacht an tionscadail’ agus ansin ‘tionchar’.

CAD IAD NA RIALACHA CISTIÚCHÁIN ATÁ ANN?

Leanann an ghníomhaíocht seo samhail cistiúcháin cnapshuime. Cinnfear méid na ranníocaíochta cnapshuime aonair le haghaidh gach deontais bunaithe ar bhuiséad measta na gníomhaíochta atá beartaithe ag an iarratasóir. Socróidh an t-údarás deonúcháin cnapshuim gach deontais bunaithe ar an togra, ar an toradh meastóireachta, ar na rátaí cistiúcháin agus ar uasmhéid an deontais atá socraithe sa ghla.

Is é EUR 300 000 **an ranníocaíocht uasta ón Aontas** in
aghaidh an tionscadail

Conas a chinntear cnapshuim an tionscadail?

Ní mór d’iarratasóirí tábla buiséid mionsonraithe a líonadh isteach de réir na foirme iarratais, agus na pointí seo a leanas á gcur san áireamh:

- a) Ba cheart an buiséad a bheith mionsonraithe mar is gá ag an tairbhí/na tairbhíthe agus eagraithe i bpacáistí oibre comhleanúnacha (mar shampla roinnte i 'bainistíocht tionscadail', 'oiliúint', 'eagrú imeachtaí', 'ullmhú agus cur chun feidhme na soghluaisteachta', 'cumarsáid agus scaipeadh', 'dearbhu cáilíochta', srl.);
- b) Leis an togra ní mór tuairisc a thabhairt ar na gníomhaíochtaí a chumhdaítear le gach pacáiste oibre;
- c) Ní mór d'iaratasóirí miondealú ar na costais mheasta a sholáthar ina dtogra lena léirítear an scair in aghaidh an phacáiste oibre (agus, laistigh de gach pacáiste oibre, an scair atá sannta do gach tairbhí agus eintiteas cleamhnaithe);
- d) Sna costais is féidir costais ball foirne, costais taistil agus chothaithe, costais trealaimh agus fochonraitheoireachta mar aon le costais eile (amhail scaipeadh faisnéise, foilsíú, aistriú) a chumhdach.

Déanfar meastóireacht ar thograí de réir na nósanna imeachta meastóireachta caighdeánacha le cuidiú ó shaineolaithe inmheánacha agus/nó seachtracha. Déanfaidh na saineolaithe measúnú ar cháilíocht na dtograí de réir na gceanglas a shainítear sa ghlaio agus thionchar, cháilíocht agus éifeachtúlacht mheasta na gníomhaíochta

I ndiaidh na meastóireachta ar an togra, cinntí an t-oifigeach údarúcháin méid na cnapshuime, agus torthaí an mheasúnúcháin a rinneadh á gcur san áireamh. Beidh an chnapshuim teoranta do 80 % ar a mhéad den bhuiséad measta a chinntear tar éis na meastóireachta.

Socrófar paraiméadair an deontais (uasmhéid deontais, ráta cistiúcháin, costais incháilithe iomlána, srl.) sa chomhaontú deontais.

Déanfar meastóireacht ar éachtaí an tionscadail de réir na dtorthaí a chuirtear i gcrích. Leis an scéim cistiúcháin, d'fhéadfaí díriú ar na haschuir seachas ar na hionchuir, rud a chuirfeadh béim ar cháilíocht agus leibhéal gnóthachtála cuspóirí intomhaiste.

Tugtar tuairisc ar níos mó mionsonraí i samhail an chomhaontaithe deontais atá le fáil ar an Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana (TDCT).

TIONSCNAIMH FOGHLAMA AE I RÉIMSI OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA EILE

Le **tionscnaimh foghlama AE** tacófar le scoileanna agus le hinstiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna, ISCED 1 – 4, agus cuirfear ar a gcumas inneachar sonrach a sholáthar maidir le hábhair atá bunaithe ar an Aontas (daonlathas, stair an Aontais, conas a oibríonn an tAontas, éagsúlacht chultúrtha - i measc nithe eile). Ba cheart gníomhaíochtaí a theagasc i rith na scoilbhliana agus féadfar seachtainí tionscadail, cuairteanna staidéir agus gníomhaíochtaí tumthacha eile a chuimsiú leo.

Déanfaidh scoileanna agus instiúidí gairmoideachais agus gairmiúla na gníomhaíochtaí a thairiscint (ISCED 1 – 4). Féadfaidh siad inneachar ar shaincheisteanna AE a dhearadh agus a sholáthar agus eispéiris foghlama a chruthú iad féin nó le tacaíocht instiúidí ardoideachais nó eagraíochtaí ábhartha eile (Eagraíochtaí Neamhrialtasacha, Comhlachais, srl.). Le gníomhaíochtaí a eagraítear faoin roinn seo, cuirfear borradh faoin bhfoghlaim faoin Aontas Eorpach ar bhealaí a spreagfaidh daoine. Cuideoidh siad le mic léinn chun an muintearas a bhraitheann siad leis an Aontas, an tionchar a bhíonn ag an Aontas ar a saolta féin agus an tuiscint atá acu ar shásraí agus ar bheartais an Aontais a neartú.

CUSPÓIRÍ NA GNÍOMHAÍOCHTA

Le **tionscnaimh Foghlama AE Jean Monnet** cothófar tabhairt isteach dhearcadh an Aontais Eorpaigh i gcultúr oideachais scoileanna agus institiúidí an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna (ISCED 1 –4) agus cuirfear le féiniúlacht Eorpach agus saoránacht ghníomhach a neartú i measc mac léinn agus múinteoirí.

- **Múinteoirí a chumhachtú** chun teagasc faoin Aontas trí úsáid a bhaint as modhanna mealltacha agus chun fórais agus eolas faoin Aontas Eorpach a thabhairt dá bhfoghlaimoirí;
- **Feabhas a chur ar thorthaí foghlama** maidir le cúrsaí an Aontais;
- **Litearthacht AE** a neartú i scoileanna (ISCED 1 - 4);
- Spéis a chruthú san Aontas Eorpach agus a bheith ina bhonn chun **cur le rannpháirtíocht daltaí agus mac léinn sa phróiseas daonlathach** agus iad a réiteach níos fearr le bheith ina saoránaigh ghníomhacha.

CÉ NA CRITÉIR ATÁ LE COMHLÍONADH CHUN IARRATAS A DHÉANAMH AR THIONSCNAIMH FOGHLAMA AE JEAN MONNET?

CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí a bheith: - ina scoil nó institiúid gairmoideachais agus gairmoiliúna (VET) (ISCED 1 - 4) ; - bunaithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár.
Comhdhéanamh cuibhreannais	Ní cheadaítear ach amháin iarratais ó iarratasóirí aonair (tairbhithe aonair).
Gníomhaíochtaí incháilithe	Ní mór Tionscnaimh Foghlama AE Jean Monnet a chur i bhfeidhm ar feadh 40 uair an chloig teagaisc ar a laghad in aghaidh na scoilbhliana ar feadh 3 bliana as a chéile in ábhair atá bunaithe ar an Aontas.
Fad an tionscadail	Ba cheart tréimhse 36 mhí a bheith i gceist leis na tionscadail de ghnáth (is féidir síneadh a chur leis an tréimhse sin, le leasú, má tá údar cuí leis).
Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh?	Faoi bhráid na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr (EACEA) Uimhir aitheantais an Ghlaio: ERASMUS-JMO-2023-OFET-LEARNING-EU
Cathain is féidir iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí a n-iarratas ar dheontas a chur isteach faoin 14 Feabhra ar 17:00:00 (am na Buiséile)

TIONSCADAL A BHUNÚ

Díríonn tionscnaimh Foghlama AE Jean Monnet go sonrach ar scoileanna agus ar institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna (ISCED 1 – 4). Ní mór do **Thionscnaimh Foghlama AE Jean Monnet** ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas a urramú:

- teagasc ar ábhair a bhaineann leis an Aontas Eorpach atá leabaithe go hoifigiúil sna curaclaim a theagasc (teagasc in aon ábhar amháin nó níos mó atá ann cheana)
- eispéiris foghlama in ábhair a bhaineann leis an Aontas Eorpach a chuireann le cúrsaí atá ann cheana: foghlaim chomhoibríoch, teagasc comhoibríoch, i measc ábhar eile
- seimineáir sheach- churaclaim, cuairteanna staidéir, cineálacha eile eispéireas AE lena mbaineann eagraíochtaí eile

Le haghaidh na gníomhaíochta, tuigtear gurb ionann uair an chloig teagaisc agus uair an chloig d'eispéireas foghlama i gcomhthéacs gníomhaíochtaí scoileanna nó institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna. Is féidir leis an bhfoghlaim tarlú sa seomra ranga nó lasmuigh de (is é sin ceardlanna, cruinnithe le saineolaithe, cuairteanna staidéir) ach ba cheart di a bheith nasctha le torthaí foghlama nithiúla agus le léann an Aontais Eorpach / luachanna AE.

TIONCHAR MEASTA

Cainníochtúil

- líon níos mó scoileanna agus institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna (ISCED 1 –4) a theagascann saincheistanna a bhaineann leis an Aontas Eorpach, de réir an Bhallstáit den Aontas Eorpaigh nó na tíre nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár.
- líon méadaitheach ranganna i scoileanna agus institiúidí an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna (ISCED 1 –4) atá páirteach in eispéiris foghlama maidir le hábhair a bhaineann leis an Aontas Eorpach
- líon níos mó príomhréimsí ábhair, nó gníomhaíochtaí seach- churaclaim, i gcás ina bhfuil ábhair AE á dteagasc i scoileanna agus institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna (ISCED 1 –4) le haghaidh gach Ballstáit den Aontas nó tíre nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár.
- líon méadaitheach múinteoirí le bheith páirteach chun litearthacht AE a fheabhsú

Cáilíochtúil

A mhéid a bhaineann le **rannpháirtithe** a bhfuil baint dhíreach acu leis na gníomhaíochtaí, beidh éifeachtaí dearfacha marthanacha ag **Tionscnaimh Foghlama AE** Jean Monnet ar **fhoghlaimeoirí agus ar mhúinteoirí** i scoileanna agus in institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna, cuir i gcás ar na bealaí seo a leanas:

- cáilíocht mhéadaithe maidir le modhanna teagaisc agus foghlama nuálacha an Aontais, le haird faoi leith ar thosaíochtaí an Aontais³⁰⁵
- méadú ar dheiseanna don fhoireann teagaisc i dtéarmaí forbairt ghairmiúil
- torthaí foghlama feabhsaithe maidir leis an Aontas ag mic léinn a bhfuil eolas agus tuiscint níos fearr acu ar an Aontas, a stair, a luachanna, a chuspóirí chomh maith leis na h-institiúidí, próisis chinnteoireachta a mbíonn tionchar acu ar shaoil laethúla daoine óga san Eoraip
- smaointeoireacht chriticiúil neartaithe faoin Aontas trí fhíorais agus eolas a sholáthar i gcásanna sa seomra ranga agus i ngníomhaíochtaí scoile eile mar shampla cuairteanna staidéir, malartuithe, tionscadail, chun an tábhacht a bhaineann le cearta agus saoránach den Aontas a léiriú

Maidir leis na heagraíochtaí rannpháirteacha, cuirfidh **Tionscnaimh Foghlama AE** Jean Monnet feabhas ar dhinimic nua agus:

- a n-acmhainneacht chun ábhair a bhaineann leis an Aontas Eorpach a theagasc trí chur chuige ildisciplíneach a mhéadú agus a dhéanamh córasach

³⁰⁵ Tá eolas faoi thosaíochtaí an Choimisiúin Eorpaigh 2019-2024 ar fáil anseo: https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024_ga

- meallfar múinteoirí agus foghlaimeoirí breise agus nua a bhfuil spéis acu chun fíorais agus eolas a fháil faoin Aontas Eorpach

CRITÉIR DHÁMHACHTANA

Déanfar measúnú ar thionscadail de réir na gcritéir seo a leanas:

Ábharthacht an tionscadail (scór uasta 25 phointe)	Ba cheart don togra ábharthacht a léiriú in aghaidh chuspóirí na gníomhaíochta sin agus i measc eile, breithneofar ar ábharthacht, de réir na nithe seo a leanas: • cineál agus líon na n-ábhar a bhaineann leis an Aontas a mholtar don togra • nuálaíocht agus cruthaitheacht sa togra • úsáid modhanna digiteacha - nuair is féidir • modheolaíochtaí nua teagaisc agus foghlama chun ábhair a bhaineann leis an Aontas Eorpach a dhéanamh níos tarraingtí agus níos oiriúnaithe do riachtanais na ndaltaí agus na mac léinn
Cáilíocht dhearadh agus chur chun feidhme an tionscadail (scór uasta 25 phointe)	I dtéarmaí cáilíochta ba cheart go léiríonn an togra: • cáilíocht agus indéantacht na modheolaíochta atá beartaithe • modheolaíochtaí teagaisc a úsáidtear, mar shampla léachtaí grúpa, seimineáir, ranganna teagaisc agus cianfhoghlaim ach ní teagasc aonair • fianaise ar shoiléireacht agus iomláine an chlár oibre atá beartaithe, ina chéimeanna go léir (ullmhú, cur chun feidhme, meastóireacht agus obair leantach)
Cáilíocht na comhpháirtíochta agus na socrúithe comhair (scór uasta 25 phointe)	Ba cheart na nithe seo a leanas a sholáthar le togra an tionscadail: • fianaise ar ghealltanas soiléir ó lucht bainistíochta na scoile / an ghairmoideachais nó na gairmoiliúna • fianaise ar ghealltanas soiléir mar thacaíocht le múinteoirí chun inneachar a ullmhú chomh maith lena ngníomhaíochtaí teagaisc • fianaise ar mhonatóireacht ar ghníomhaíochtaí agus infheictheacht na dtorthaí a bhaineann baill foirne atá páirteach sa tionscnamh sin amach • fianaise ar rannpháirtíocht ball foirne a bhfuil na scileanna oideolaíochta ábhartha acu
Tionchar, scaipeadh agus inbhuanaitheacht (scór uasta 25 phointe)	Ba cheart na nithe seo a leanas a sholáthar le togra an tionscadail: • fianaise ar bhearta iomchuí agus acmhainní chun a chinntiú go mbeidh na torthaí agus na tairbhí inbhuanaithe tar éis shaolré an tionscadail • tuairisc shoiléir ar scaipeadh na straitéise laistigh den institiúid agus lasmuigh di • míniúchán ar an tionchar measta ar na scoileanna agus ar na hinstitiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna (ISCED 1 – 4), agus ar na daltaí, na mic léinn agus na múinteoirí a bhaineann tairbhe as na gníomhaíochtaí

Chun bheith curtha san áireamh le haghaidh cistiú, ní mór do thograí ar a laghad **70 pointe** ar an iomlán a ghnóthú agus ar a laghad **15 pointe i ngach critéir dámhachtana**. Na tograí ex aequo laistigh den ábhar céanna tabharfar tosaíocht dóibh de réir na scór a bheidh dáfa orthu le haghaidh an chritéir dámhachtana ‘ábharthacht an tionscadail’ agus ansin ‘tionchar’.

CAD IAD NA RIALACHA CISTIÚCHÁIN ATÁ ANN?

Leanann an ghníomhaíocht seo samhail cistiúcháin cnapshuime. Leis an scéim cistiúcháin sin, d'fhéadfaí díriú ar na haschuir seachas ar na hionchuir, rud a chuirfeadh béim ar cháilíocht agus leibhéal gnóthachtála cuspóirí intomhaiste. Is é EUR **30 000** an deontas uasta ón Aontas Eorpach in aghaidh an tionscadail.

Cumhdófar leis na ranníocaíochtaí cnapshuime costais ball foirne, costais taistil agus chothaithe, costais trealaimh agus fochonraitheoireachta mar aon le costais eile (scaipeadh eolais, foilsíú, aistriú).

Ní mór d'iarratasóirí méid réamhshainithe na cnapshuime aonair a léirítear, a chomhfhreagraíonn do thír, mar a léirítear sna táblaí thíos a iarraidh. Tabhair faoi deara go léiríonn an chnapshuim iomlán in aghaidh na tíre líon iomlán na n-uaireanta teagaisc thar 3 bliana. Léiríonn na méideanna sa tábla an ranníocaíocht chríochnaitheach ón Aontas ag ráta cómhaoinithe 80 %.

Tionscnaimh Foghlama AE							
Tír/uaireanta teagaisc i gcaitheamh na tréimhse 3 bliana (40 uair in aghaidh na bliana ar a laghad)	An Bhulgáir, Lichtinstéin, an Mhacadóin Thuaidh, an Rómáin, an tSeirbia	An Tuirc, an Chróit, an Laitvia	An Ungáir, an Pholainn, an Liotuáin, Poblacht na Seice, an Eastóin, an tSlóvaic	An Phortaingéil, an Ghréig, an tSlóivéin, Málta	An Chipir, an Íoslainn, an Spáinn, an Iodáil	Éire, an Fhrainc, an Fhionlainn	An Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Iorua, an Ísiltír, Lucsamburg, an Ostair, an tSualainn
120-150 uair an chloig teagaisc	EUR 10.250	EUR 12.000	EUR 13.500	EUR 17.000	EUR 19.750	EUR 23.250	EUR 25.000
151-180 uair an chloig teagaisc	EUR 12.500	EUR 14.750	EUR 16.500	EUR 20.500	EUR 24.500	EUR 28.500	EUR 30.000
181-210 uair an chloig teagaisc	EUR 14.750	EUR 17.500	EUR 19.750	EUR 24.000	EUR 29.000	EUR 30.000	EUR 30.000
211 - 240 uair an chloig teagaisc	EUR 17.000	EUR 20.000	EUR 22.750	EUR 27.750	EUR 30.000	EUR 30.000	EUR 30.000
≥241 uair an chloig teagaisc	EUR 19.250	EUR 22.750	EUR 26.000	EUR 30.000	EUR 30.000	EUR 30.000	EUR 30.000

DÍOSPÓIREACHT AR BHEARTAS JEAN MONNET

Beidh sé mar phríomhchuspóir ag líonraí téamacha móra an Ardoideachais (líonra amháin, go táscach, ar shaincheisteanna inmheánacha AE agus dhá líonra ar shaincheisteanna beartais eachtraigh a thugann aghaidh ar thosaíochtaí sonracha a dtacófar leo i mbliana) torthaí taighde, inneachar cúrsaí agus eispéireas, táirgí a bhailiú, a roinnt agus a phlé i measc na gcomhpháirtithe (staidéir, ailt, srl.). Bunóidh gach líonra uirlis a ligeann do na comhpháirtithe a gcuid saothar acadúil a roinnt agus cleachtaí athbhreithnithe piaraí a reáchtáil, ag déanamh trácht ar na doiciméid a cuireadh suas chomh maith. Roghnóidh comhordaitheoir an líonra go tráthrialta na torthaí is nuálacha agus is suimiúla agus soláthrófar iad don Choimisiún.

Tá trí líonra téamacha beartaithe in 2023:

- Líonra Jean Monnet ar bheartas inmheánach: An Claoclú Digiteach san Eoraip
- Líonra Jean Monnet ar bheartas seachtrach: Luachanna agus Daonlathas
- Líonra Jean Monnet ar bheartas seachtrach : AE-An Afraic

Is é is aidhm dheireanach do na líonraí téamacha ná aiseolas tráthrialta a sholáthar (mar shampla nuachtlitir ar líne) ar na cleachtais is airde agus is nuálaí sa réimse, ag tacú agus ag cur luach leis an díospóireacht.

Cothóidh Líonraí Jean Monnet i réimsí oideachais agus oiliúna eile cruthú agus forbairt líonraí scoileanna agus institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna a mbeidh sé mar aidhm acu dea- chleachtais a mhalartú, eispéiris a roinnt maidir le hinneachar agus modheolaíochtaí araon agus eolas a chothú ar shaincheisteanna Eorpacha a theagasc. Ba cheart do líonraí díriú go háirithe ar fhórais agus ar eolas faoin Aontas a thabhairt dá bhfoghlaimoírí ar bhealach atá nuálach agus cruthaitheach.

Na cineálacha iarratasóirí a bhfuil an glao sin dírithe orthu ná scoileanna agus institiúidí gairmoiliúna atá bunaithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár.

LÍONRAÍ TÉAMACHA SAN ARDOIDEACHAS

Tá feidhm ag na critéir incháilitheachta seo a leanas i leith **líonraí** Jean Monnet san ardoideachas

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Le haghaidh an líonra ar shaincheisteanna inmheánacha an Aontais: Maidir le Claoclú Digiteach san Eoraip, ní mó d'iarratasóirí (comhordaitheoir agus comhpháirtithe iomlána) a bheith: • ina n- institiúid ardoideachais a bhfuil ECHE bailí acu; • bunaithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár Le haghaidh an líonra ar shaincheisteanna beartais sheachtraigh: Maidir le Luachanna agus Daonlathas, ní mór d'iarratasóirí (comhordaitheoir agus comhpháirtithe iomlána) a bheith: • ina n- institiúid ardoideachais; • bunaithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár; Ní mór ECHE bailí a bheith ag institiúidí ardoideachais atá bunaithe i mBallstáit den Aontas agus i dtíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Ní gá ECHE a bheith ag institiúidí ardoideachais rannpháirteacha i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach
---	--

	bhfuil comhlachaithe leis an gClár Eisceacht: níl eagraíochtaí ón mBealarúis (Réigiún 2) ó Chónaidhm na Rúise (Réigiún 4) incháilithe chun páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht sin. Le haghaidh an líonra ar shaincheisteanna beartais sheachtraigh: Maidir le AE- An Afraic, ní mór d'iaratasóirí (comhordaitheoir agus comhpháirtithe iomlána) a bheith: • ina n-institiúid ardoideachais; • bunaithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár nó sa tír/sna tíortha seo a leanas nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár: Tíortha san Afraic Fho-Shahárach (réigiún 9); An Ailgéir; Éigipt, An Libia, Maracó; An Túinéis (Réigiún 3). Ní mór ECHE bailí a bheith ag institiúidí ardoideachais atá bunaithe i mBallstáit den Aontas agus i dtíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Ní gá ECHE a bheith ag institiúidí ardoideachais rannpháirteacha i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár Nóta Bene do na Líonraí uile: Níl na h-institiúidí Eorpacha ainmnithe (a shainítear sa Rialachán a bhunaíonn an Clár Erasmus+) a bhfuil aidhm leasa Eorpaigh á saothrú acu incháilithe chun cur isteach faoin nGníomhaíocht sin.
Comhdhéanamh cuibhreannais	Le haghaidh an líonra ar shaincheisteanna inmheánacha an Aontais: Maidir le An Claochlú Digiteach san Eoraip, ní mór tograí a chur isteach: • ag cuibhreannas ina bhfuil 12 iaratasóir ar a laghad ó seacht mBallstát éagsúla den Aontas agus/nó tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Ní chuirtear eintitis chleamhnaithe san áireamh sna critéir íosta incháilitheachta le haghaidh chomhdhéanamh an chuibhreannais. Le haghaidh an líonra ar shaincheisteanna beartais sheachtraigh: Maidir le Luachanna agus Daonlathas, ní mór tograí a chur isteach: • ag cuibhreannas ina bhfuil 12 iaratasóir ar a laghad ó shé Bhallstát éagsúla den Aontas agus/nó tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár arna gcumhdach ag ionstraimí gníomhaíochta seachtracha. Ní chuirtear eintitis chleamhnaithe san áireamh sna critéir íosta incháilitheachta le haghaidh chomhdhéanamh an chuibhreannais. • Ní mór don chomhordaitheoir a bheith bunaithe i mBallstát den Aontas agus/nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Le haghaidh an líonra ar shaincheisteanna beartais sheachtraigh: Maidir le AE- An Afraic, ní mór tograí a chur isteach: ag cuibhreannas ina bhfuil 10 n-iaratasóir ar a laghad ó chúig Bhallstát éagsúla de chuid an Aontais agus/nó tíortha san Afraic Fho-Shahárach (Réigiún 9). Ní mór don chomhordaitheoir a bheith bunaithe i mBallstát den Aontas agus/nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an

	gClár. Ní chuirtear eintitis chleamhnaithe san áireamh sna critéir íosta incháilitheachta le haghaidh chomhdhéanamh an chuibhreannais.
Fad an tionscadail	Ba cheart tréimhse 36 mhí a bheith i gceist leis na tionscadail de ghnáth (is féidir síneadh a chur leis an tréimhse sin, le leasú, má tá údar cuí leis).
Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh?	Faoi bhráid na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr (EACEA) Uimhir aitheantais an Ghlaio: ERASMUS-JMO-2023-NETWORKS-HEI-EU ERASMUS-JMO-2023-NETWORKS-HEI-NON-EU-VAL-DEM ERASMUS-JMO-2023-NETWORKS-HEI-NON- EU-AFRICA
Cathain is féidir iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí a n-iarratas ar dheontas a chur isteach faoin 14 Feabhra ar 17:00:00 (am na Bruiséile)

Tá feidhm ag na critéir dhámhachtana seo a leanas maidir le **Líonraí**:

Ábharthacht an tionscadail (scór uasta 25 phointe)	• Ábharthacht an togra i leith ábhar na tosaíochta mar a shainmhínítear sa ghlaio; • A mhéid atá an togra oiriúnach chun forbairt gníomhaíochtaí teagaisc, taighde nó díospóireachta a chothú • An fhianaise ar bhreisluach acadúil;
Cáilíocht dhearadh agus chur chun feidhme an tionscadail (scór uasta 25 phointe)	• Modheolaíocht: cáilíocht, úrnuacht agus indéantacht na ngníomhaíochtaí atá beartaithe • Cáilíocht an chórais atá beartaithe chun táirgeadh acadúil a anailísiú agus a athbhreithniú • Cáilíochta an mhúnla atá beartaithe chun beartas an Aontais a chothú • A mhéid a chuirtear an clár oibre i láthair ar bhealach soiléir, iomlán agus comhleanúnach, agus aird chuí á tabhairt ar phleanáil iomchuí na gcéimeanna ullmhúcháin, cur chun feidhme, meastóireachta, oibre leantaí agus scaipthe a chur i láthair, • A mhéid atá na hacmhainní atá sannta do ghníomhaíochtaí i gcomhréir lena gcuispóirí agus lena dtáirgí insólathartha. • Straitéis monatóireachta agus meastóireachta.
Cáilíocht na comhpháirtíochta agus na socruithe comhair (scór uasta 25 phointe)	• Comhdhéanamh an Líonra i dtéarmaí cumhdaigh gheografaigh agus chomhlántacht na n-inniúlachtaí. • Eagrú inmheánach na comhpháirtíochta: ○ Ábharthacht agus comhlántacht phróifíl agus shaineolas na rannpháirtithe atá rannpháirteach sna gníomhaíochtaí atá beartaithe i gcomhréir leis an téama sonrach ar a dtugtar aghaidh leis an togra. • Socruithe comhair agus dáileadh ról, freagrachtaí agus cúraimí.

Tionchar (scór uasta 25 phointe)	Tionchar measta na líonraí ag a bhfuil éifeachtaí marthanacha. Scaipeadh agus cumarsáid: • A iomchuí atá na gníomhaíochtaí agus cáilíocht na ngníomhaíochtaí, arb é is aidhm dóibh torthaí na ngníomhaíochtaí a scaipeadh laistigh agus lasmuigh den institiúid atá páirteach sna líonraí: ○ feacht a mhúscailt ar ghníomhaíochtaí agus torthaí, rud a fheabhsaíonn infheictheacht rannpháirtithe agus eagraíochtaí, • A mhéid a dhéanfaidh na huirlisí scaipthe atá beartaithe teagmháil ○ (agus na meáin shóisialta, foilseacháin, srl. san áireamh), ○ imeachtaí. • Inbhuanaitheacht agus leanúnachas: leis an togra cuimsítear bearta agus acmhainní iomchuí chun a chinntiú go mbeidh torthaí agus tairbhí an tionscadail inbhuanaithe tar éis shaolré an tionscadail.
---	--

Chun bheith curtha san áireamh le haghaidh cistiú, ní mór do thograí ar a laghad **70 pointe** ar an iomlán a ghnóthú agus ar a laghad **15 phointe i ngach critéar dámhachtana**. Na tograí ex aequo laistigh den ábhar céanna tabharfar tosaíocht dóibh de réir na scór a bheidh dáfa orthu le haghaidh an chritéir dámhachtana ‘ábharthacht an tionscadail’ agus ansin ‘tionchar’.

CAD IAD NA RIALACHA CISTIÚCHÁIN ATÁ ANN?

Leanann an ghníomhaíocht seo samhail cistiúcháin cnapshuime. Cinnfear méid na ranníocaíochta cnapshuime aonair le haghaidh gach deontais bunaithe ar bhuiséad measta na gníomhaíochta atá beartaithe ag an iarratasóir. Socróidh an t-údarás deonúcháin cnapshuim gach deontais bunaithe ar an togra, ar an toradh meastóireachta, ar na rátaí cistiúcháin agus ar uasmhéid an deontais atá socraithe sa ghlao.

Is é EUR 1 000 000 **an ranníocaíocht uasta ón Aontas** in aghaidh an líonra ar shaincheisteanna inmheánacha an Aontais

Is é EUR 1 200 000 **an ranníocaíocht uasta ón Aontas** in aghaidh an líonra ar shaincheisteanna beartais sheachtraigh

Conas a chinntear cnapshuim an tionscadail?

Ní mór d'iarraitasóirí tábla buiséid mionsonraithe a líonadh isteach de réir na foirme iarratais, agus na pointí seo a leanas á gcur san áireamh:

- a) Ba cheart an buiséad a bheith mionsonraithe mar is gá ag an tairbhí/na tairbhithe agus eagraithe i bpacáistí oibre comhleanúnacha (mar shampla roinnte i 'bainistíocht tionscadail', 'oiliúint', 'eagrú imeachtaí', 'ullmhú agus cur chun feidhme na soghluaisteachta', 'cumarsáid agus scaipeadh', 'dearbhu cáilíochta', srl.);
- b) Leis an togra ní mór tuairisc a thabhairt ar na gníomhaíochtaí a chumhdaítear le gach pacáiste oibre;
- c) Ní mór d'iarraitasóirí miondealú ar na costais mheasta a sholáthar ina dtogra lena léirítear an scair in aghaidh an phacáiste oibre (agus, laistigh de gach pacáiste oibre, an scair atá sannta do gach tairbhí agus eintiteas cleamhnaithe);
- d) Sna costais is féidir costais ball foirne, costais taistil agus chothaithe, costais trealamh agus fochonraitheoireachta mar aon le costais eile (amhail scaipeadh faisnéise, foilsíú, aistriú) a chumhdach.

Déanfar meastóireacht ar thograí de réir na nósanna imeachta meastóireachta caighdeánacha le cuidiú ó shaineolaithe inmheánacha agus/nó seachtracha. Déanfaidh na saineolaithe measúnú ar cháilíocht na dtograí de réir na gceanglas a shainítear sa ghlaio agus thionchar, cháilíocht agus éifeachtúlacht mheasta na gníomhaíochta

I ndiaidh na meastóireachta ar an togra, cinntídh an t-oifigeach údarúcháin méid na cnapshuime, agus torthaí an mheasúnúcháin a rinneadh á gcur san áireamh. Beidh an chnapshuim teoranta do 80 % ar a mhéad den bhuiséad measta a chinntear tar éis na meastóireachta.

Socrófar paraiméadair an deontais (uasmhéid deontais, ráta cistiúcháin, costais incháilithe iomlána, srl.) sa chomhaontú deontais.

Déanfar meastóireacht ar éachtaí an tionscadail de réir na dtorthaí a chuirtear i gcrích. Leis an scéim cistiúcháin, d'fhéadfaí díriú ar na haschuir seachas ar na hionchuir, rud a chuirfeadh béim ar cháilíocht agus leibhéal gnóthachtála cuspóirí intomhaiste.

Tugtar tuairisc ar nós mó mionsonraí i samhail an chomhaontaithe deontais atá le fáil ar an Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana (TDCT).

LÍONRAÍ JEAN MONNET I RÉIMSI OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA EILE

Ba cheart do líonraí scoileanna agus institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna ISCED 1 – 4, agus/nó institiúidí ardoideachais a sholáthraíonn Oiliúint/Oideachas Múinteoirí a bheith ábalta gné idirnáisiúnta a thabhairt don snáithe nua Jean Monnet agus malartú dea- chleachtas a chumasú chomh maith le heispéireas den chomhtheagasc a sholáthar laistigh de ghrúpa tíortha.

Éascóidh na gníomhaíochtaí tuiscint choiteann ar mhodheolaíochtaí foghlama maidir le hábhair a bhaineann leis an Aontas Eorpach i measc cleachtóirí atá ag obair i gcomhthéacsanna éagsúla, atá ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin agus ar shrianta éagsúla de bharr na reachtaíochta náisiúnta agus struchtúr na gcuraclam.

CUSPÓIRÍ NA GNÍOMHAÍOCHTA

Is é is aidhm do **Líonraí** Jean Monnet i réimsí oideachais agus oiliúna eile tacaíocht a sholáthar do scoileanna agus institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna, (ISCED 1 – 4), agus/nó institiúidí ardoideachais lena mbaineann Oiliúint/Oideachas Múinteoirí chun cur leis an eolas maidir le conas ábhair a bhaineann leis an Aontas Eorpach a theagasc, agus tabharfaidh siad gné idirnáisiúnta don chleachtas foghlama freisin.

Is é malartú eolais múinteoirí (obair chomhoibríoch ar ábhair shonracha agus ar mhodheolaíochtaí, eispéiris den chomhtheagasc, gníomhaíochtaí coiteanna) atá ina bhonn de ghníomhaíochtaí an líonra. Mar shampla:

- Faisnéis ar inneachar a mhalartú agus torthaí modheolaíochtaí a cuireadh i bhfeidhm a chur chun cinn;
- An comhar idir scoileanna/institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna (ISCED 1 – 4), soláthraithe oiliúna/oideachais múinteoirí éagsúla a fheabhsú agus eispéireas idirnáisiúnta agus stádas Eorpach a thabhairt dóibh;
- Eolas agus soghluaisteacht a mhalartú le haghaidh an chomhtheagaisc;
- An comhar a chothú agus ardán eolais láidir inbhuanaithe a chruthú idir scoileanna agus institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna (ISCED 1 – 4), agus/nó institiúidí ardoideachais lena mbaineann Oiliúint/Oideachas Múinteoirí.

CÉ NA CRITÉIR ATÁ LE COMHLÍONADH CHUN IARRATAS A DHÉANAMH AR LÍONRAÍ JEAN MONNET I RÉIMSI EILE OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA?

CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí (comhordaitheoir agus comhpháirtithe iomlána) a bheith ina: • ina scoil, institiúid gairmoideachais agus gairmoiliúna (ISCED 1 - 4) nó institiúid ardoideachais a bhfuil ECHÉ bailí aici, agus a sholáthraíonn oiliúint tosaigh agus/nó inseirbhíse do mhúinteoirí scoile agus/nó institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna (ISCED 1- 4); • bunaithe i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár.
---	--

Comhdhéanamh cuibhreannais	Ní mór do chuibhreannas ina bhfuil sé iarratasóir ar a laghad (comhordaitheoir agus comhpháirtithe iomlána) ó thrí Bhallstát den Aontas agus/nó thír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár ar a laghad tograí a chur isteach. Ní mór a chuimsiú leis an gcuibhreannas: - ceithre scoil agus/nó sholáthraí gairmoideachais agus gairmoiliúna ar a laghad (ISCED 1 - 4) ; - dhá institiúid ardoideachais ar a mhéad a sholáthraíonn oiliúint tosaigh agus/nó inseirbhíse do mhúinteoirí scoile agus/nó institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna (ISCED 1- 4); Ní chuirtear eintitis chleamhnaithe san áireamh sna critéir íosta incháilitheachta le haghaidh chomhdhéanamh an chuibhreannais.
Fad an tionscadail	Ba cheart tréimhse 36 mhí a bheith i gceist leis na tionscadail de ghnáth (is féidir síneadh a chur leis an tréimhse sin, le leasú, má tá údar cuí leis).
Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh?	Faoi bhráid na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr (EACEA) Uimhir aitheantais an Ghlaio: ERASMUS-JMO-2023-NETWORKS-SCHOOLS
Cathain is féidir iarratas a dhéanamh?	Ní mór d'iarratasóirí a n-iarratas ar dheontas a chur isteach faoin 14 Feabhra ar 17:00:00 (am na Bruiséille)

Déanfar measúnú ar eagraíochtaí is iarratasóirí de réir na gcritéir eisiaimh agus roghnúcháin ábhartha. Chun breis faisnéise a fháil féach Cuid C den Treoir seo.

TIONSCADAL A BHUNÚ

Ní mór do **Líonraí** Jean Monnet i réimsí oideachais agus oiliúna eile a bheith i gceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

- modheolaíochtaí teagasc a bhailiú agus a phlé le haghaidh gníomhaíochtaí curaclaim agus seach- churaclaim;
- dea- chleachtais a bhailiú agus a chomhroinnt faoi bheith ag foghlaim faoi ábhair maidir leis an Aontas Eorpach;
- eispéiris chomhtheagasc agus chomhartheagasc a eagrú tríd an tsoghluaisteacht nó ar líne.

Féadfar na nithe thuas a dhéanamh mar a leanas:

- Táirgeadh doiciméad agus treoraíochta chun dea- chleachtais a scaipeadh;
- Cruinnithe aghaidh ar aghaidh agus ar líne;
- Comhtheagasc agus teagasc comhoibríoch.

TIONCHAR MEASTA

Cainníochtúil

- an líon tairbhíthe de réir an Bhallstáit den Aontas nó na tíre nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár / réigiún

Cáilíochtúil

Meastar go mbeidh éifeachtaí dearfacha marthanacha ag **Líonraí** Jean Monnet i réimsí oideachais agus oiliúna eile ar an oideachas ginearálta agus ar an ngairmoideachas agus ar an ngairmoiliúint (ISCED 1- 4) agus go dtabharfar eolas do na rannpháirtithe maidir le cleachtais rathúla chun fíorais agus eolas ar an Aontas Eorpach a thabhairt do dhaltáí agus do mhic léinn.

Cuirfidh na **Líonraí** i réimsí oideachais agus oiliúna eile leis na deiseanna le haghaidh institiúidí oideachais ghinearálta agus institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna a ngníomhaíochtaí ina gcuimsítear ábhair a bhaineann leis an Aontas Eorpach a fhairsingiú.

Tá sé mar aidhm freisin leis na gníomhaíochtaí a dtacaítear leo faoi **Líonraí** Jean Monnet i réimsí oideachais agus oiliúna eile na torthaí seo a leanas a bhaint amach chomh maith maidir le heagraíochtaí rannpháirteacha:

- inniúlacht níos mó chun ábhair a bhaineann leis an Aontas a lánpháirtiú ina ngníomhaíochtaí;
- nochtadh idirnáisiúnta feabhsaithe.

CRITÉIR DHÁMHACHTANA

Déanfar measúnú ar thionscadail de réir na gcritéir seo a leanas:

Ábharthacht an tionscadail (scór uasta 25 phointe)	• A mhéid a chomhlíonann an togra cuspóirí ghníomhaíocht Jean Monnet: ○ téitear i ngleic le léann an Aontais Eorpaigh (mar a thugtar tuairisc air sa mhír thosaigh), ○ cuirtear é ar a gcumas do mhúinteoirí i scoileanna scileanna nua a fhorbairt, ○ cuidítear le faisnéis agus cleachtais a chomhroinnt ar an méid a fhágann go bhfuil a bhfoghlaiméoirí níos eolaí maidir leis an Aontas agus ar conas a dhéanann siad sin, ○ éascaítear eispéiris soghluaisteachta múinteoirí chun comh- mhúinteoireacht / comhtheagasc a sholáthar lena gcomhpháirtithe, ○ gintear tuiscint níos fearr ar an Aontas agus ar fheidhmiú an Aontais, ○ cuirtear é ar a gcumas do mhúinteoirí inneachar an Aontais a thabhairt isteach ina ngníomhaíochtaí. • A mhéid a théann an togra i bhfeidhm ar spriocghrúpaí tosaíochta: ○ scoileanna agus soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna (ISCED 1 – 4), ○ múinteoirí, ○ mic léinn.
Cáilíocht dhearadh agus chur chun feidhme an tionscadail (scór uasta 25 phointe)	• Modheolaíocht: cáilíocht, úrnuacht agus indéantacht na ngníomhaíochtaí atá beartaithe. • A mhéid a bhaineann na nithe seo a leanas leis an gclár oibre ○ cuirtear i láthair é ar bhealach soiléir, iomlán agus comhleanúnach, agus tugtar aird chuí ar phleanáil iomchuí na gcéimeanna ullmhúcháin, cur chun feidhme, meastóireachta, oibre leantaí agus scaipthe a chur i láthair, ○ léirítear comhleanúnachas ann le cuspóirí agus gníomhaíochtaí an tionscadail. • A mhéid atá na hacmhainní atá sannta do phacáistí oibre i gcomhréir lena gcuspóirí agus lena dtáirgí insoláthartha. • Straitéis monatóireachta agus meastóireachta.

Cáilíocht na comhpháirtíochta agus na socruithe comhair (scór uasta 25 phointe)	- Eagrú inmheánach na comhpháirtíochta: - Ábharthacht agus comhlántacht phróifíl agus shaineolas na rannpháirtithe atá rannpháirteach sna gníomhaíochtaí atá beartaithe i dtéarmaí Léann an Aontais Eorpaigh (mar a thugtar tuairisc air sa mhír thosaigh) agus i dtéarmaí an téama shonraigh ar a dtugtar aghaidh leis an togra. - Socruithe comhair agus dáileadh ról, freagrachtaí agus cúraimí.
Tionchar (scór uasta 25 phointe)	- Tionchar measta na líonraí ag a bhfuil éifeachtaí marthanacha - ar scoileanna agus soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna: - inniúlacht níos mó chun dul i mbun teagaisc ar ábhair maidir leis an Aontas, - inneachar nuálach i bhforbairt dearcthaí nua maidir le hábhair faoin Aontas i scoileanna, - comhar treisithe agus inniúlacht nascadh le comhpháirtithe, - leithdháileadh méadaithe acmhainní airgeadais ar ábhair a bhaineann leis an Aontas a theagasc laistigh den institiúid. - ar na múinteoirí atá páirteach go díreach nó go hindíreach sna líonraí: - A scileanna a neartú ar shaincheisteanna de chuid an Aontais agus dul chun cinn chun inneachar maidir leis an Aontas a sholáthar ina ngníomhaíochtaí. - Scaipeadh agus cumarsáid: - A iomchuí atá na bearta, agus cáilíocht na mbeart, arb é is aidhm dóibh torthaí na ngníomhaíochtaí a scaipeadh laistigh agus lasmuigh den institiúid atá páirteach sna líonraí: - feasacht a mhúscailt ar ghníomhaíochtaí agus torthaí, rud a fheabhsaíonn infheictheacht rannpháirtithe agus eagraíochtaí, - dul i bhfeidhm ar ghrúpaí lasmuigh de scoileanna agus soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna. - A mhéid a rachaidh na huirlisí scaipthe atá beartaithe i bhfeidhm ar an spriocphobal trí bhíthin na nithe seo a leanas: - poiblíocht sna meáin (lena n-áirítear na meáin shóisialta, foilseacháin, srl.), - imeachtaí. - Inbhuanaitheacht agus leanúnachas: leis an togra áirítear bearta agus acmhainní iomchuí lena áirithiú go mbeidh torthaí agus tairbhí an tionscadail inbhuanaithe tar éis shaolré an tionscadail.

Chun bheith curtha san áireamh le haghaidh cistiú, ní mór do thograí ar a laghad **70 pointe** ar an iomlán a ghnóthú agus ar a laghad **15 pointe i ngach critéar dámhachtana**. Na tograí ex aequo laistigh den ábhar céanna tabharfar tosaíocht dóibh de réir na scór a bheidh dáfa orthu le haghaidh an chritéir dámhachtana ‘ábharthacht an tionscadail’ agus ansin ‘tionchar’.

CAD IAD NA RIALACHA CISTIÚCHÁIN ATÁ ANN?

Leanann an ghníomhaíocht seo samhail cistiúcháin cnapshuime. Cinnfear méid na ranníocaíochta cnapshuime aonair le haghaidh gach deontais bunaithe ar bhuiséad measta na gníomhaíochta atá beartaithe ag an iarratasóir. Socróidh an t-údarás deonúcháin cnapshuim gach deontais bunaithe ar an togra, ar an toradh meastóireachta, ar na rátaí cistiúcháin agus ar uasmhéid an deontais atá socraithe sa ghla.

Is é EUR 300 000 an ranníocaíocht uasta ón Aontas in aghaidh an tionscadail

Conas a chinntear cnapshuim an tionscadail?

Ní mór d'iarratasóirí tábla buiséid mionsonraithe a líonadh isteach de réir na foirme iarratais, agus na pointí seo a leanas á gcur san áireamh:

- a) Ba cheart an buiséad a bheith mionsonraithe mar is gá ag an tairbhí/na tairbhíthe agus eagraithe i bpacáistí oibre comhleanúnacha (mar shampla roinnte i 'bainistíocht tionscadail', 'oiliúint', 'eagrú imeachtaí', 'ullmhú agus cur chun feidhme na soghluaisteachta', 'cumarsáid agus scaipeadh', 'dearbhu cáilíochta', srl.);
- b) Leis an togra ní mór tuairisc a thabhairt ar na gníomhaíochtaí a chumhdaítear le gach pacáiste oibre;
- c) Ní mór d'iarratasóirí miondealú ar na costais mheasta a sholáthar ina dtogra lena léirítear an scair in aghaidh an phacáiste oibre (agus, laistigh de gach pacáiste oibre, an scair atá sannta do gach tairbhí agus eintiteas cleamhnaithe);
- d) Sna costais is féidir costais ball foirne, costais taistil agus chothaithe, costais trealamh agus fochonraitheoireachta mar aon le costais eile (amhail scaipeadh faisnéise, foilsíú, aistriú) a chumhdach.

Déanfar meastóireacht ar thograí de réir na nósanna imeachta meastóireachta caighdeánacha le cuidiú ó shaineolaithe inmheánacha agus/nó seachtracha. Déanfaidh na saineolaithe measúnú ar cháilíocht na dtograí de réir na gceanglas a shainítear sa ghlaio agus thionchar, cháilíocht agus éifeachtúlacht mheasta na gníomhaíochta. Beidh an chnapshuim teoranta do 80 % ar a mhéad den bhuiséad measta a chinntear tar éis na meastóireachta

I ndiaidh na meastóireachta ar an togra, cinntífidh an t-oifigeach údarúcháin méid na cnapshuime, agus torthaí an mheasúnúcháin a rinneadh á gcur san áireamh.

Socrófar paraiméadair an deontais (uasmhéid deontais, ráta cistiúcháin, costais incháilithe iomlána, srl.) sa chomhaontú deontais.

Déanfar meastóireacht ar éachtaí an tionscadail de réir na dtorthaí a chuirtear i gcrích. Leis an scéim cistiúcháin, d'fhéadfaí díriú ar na haschuir seachas ar na hionchuir, rud a chuirfeadh béim ar cháilíocht agus leibhéal gnóthachtála cuspóirí intomhaiste.

Tugtar tuairisc ar níos mó mionsonraí i samhail an chomhaontaithe deontais atá le fáil ar an Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana (TDCT).

CUID C – FAISNÉIS D'IARRATASÓIRÍ

Iarrtar ar na hiarratasóirí ionchasacha uile a bhfuil sé i gceist acu togra tionscadail a chur isteach chun tacaíocht airgeadais a fháil ón Aontas faoin gclár Erasmus+ an roinn seo a léamh go cúramach a dréachtaíodh i gcomhréir leis na forálacha is infheidhme de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh³⁰⁶ (dá ngairtear 'Rialachán Airgeadais an Aontais' anseo feasta).

Maidir leis na forálacha conarthacha agus airgeadais uile a bhfuil feidhm leo maidir leis na deontais a dhámhtar, cuirtear i láthair sna comhaontuithe deontais samplacha iad, a chuirtear ar fáil le haghaidh tionscadal arna gcur chun feidhme ag EACEA sa Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana³⁰⁷, agus le haghaidh tionscadal arna gcur chun feidhme ag na Gníomhaireachtaí Náisiúnta ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Náisiúnta Erasmus+ ábhartha. I gcás neamhréireachtaí leis an eolas a chuirtear i láthair sa Treoir seo, tá tosaíocht ag forálacha na gcomhaontuithe deontais agus na gComhaontuithe Deontais Samplacha (dá dtagraítear ina dhiaidh seo mar chomhaontú deontais samplach nó MGA) orthu sin i gCuid C.

CONAS IARRATAS ERAMUS+ A CHUR ISTEACH?

Ní mór d'iarratasóirí cloí leis na ceithre chéim a bhfuil tuairisc orthu thíos chun tionscadal Erasmus+ a chur isteach:

- 1) Clárú. Ní mór do gach iarratasóir a bheith cláraithe mar a leanas:
 - a. Maidir le gníomhaíochtaí atá á mbainistiú ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin, ní mór d'iarratasóir, eintitis chleamhnaithe agus comhpháirtithe comhlachaithe clárú ar an Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana (TDCT)³⁰⁸ agus ní mór dóibh Cód Sainaitheantais Rannpháirtí (CSR) a fháil³⁰⁹. Eagraíochtaí/grúpaí a fuair cód cheana féin trína rannpháirtíocht i gclár eile den Aontas Eorpach, ní mór dóibh clárú arís. Tá an cód a fuair siad ón gclárú roimhe seo bailí freisin chun iarratas a dhéanamh faoi Erasmus+;
 - b. Maidir le gníomhaíochtaí a bhainistíonn Gníomhaireachtaí Náisiúnta, ní mór d'iarratasóirí mura ndearna siad amhlaidh cheana, clárú trí chóras an chlárúcháin eagraíochta <https://webgate.ec.europa.eu/erasmus-esc> le haghaidh Erasmus+ agus an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus sainaitheantas eagraíochta a fháil.
- 2) An chomhlíontacht le critéir an chlár a sheiceáil le haghaidh na gníomhaíochta/an réimse ábhartha;
- 3) Na coinníollacha airgeadais a sheiceáil;
- 4) An fhoirm iarratais a líonadh isteach agus an fhoirm iarratais a chur isteach.

CÉIM 1: CLÁRÚ

Mura bhfuil an méid sin déanta cheana, ní mór do gach iarratasóir clárú ar <https://webgate.ec.europa.eu/erasmus-esc>.

³⁰⁶ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (1)IO-L 193/30.07.2018, lch. 1. Tá Rialachán Airgeadais an Aontais le fáil ag: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32018R1046&from=EN>

³⁰⁷ <https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/portal/screen/home>

³⁰⁸ <https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/portal/screen/home>

³⁰⁹ Eolas sainordaitheach san fhoirm iarratais atá i gcód aitheantais rannpháirtí.

Le haghaidh gníomhaíochtaí a bhainistíonn an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin

Chun clárú ar an Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana, ní mór d'ionadaí dlíthiúil an iarratasóra na bearta seo a leanas a dhéanamh:

- Cuntas úsáideora a chruthú, mar a ghairtear de, cuntas EU Login (mura bhfuil cuntas ag an duine atá ina ionadaí don iarratasóir cheana féin). Is féidir cuntais nua EU Login a chruthú ar an suíomh gréasáin seo a leanas:
<https://webgate.ec.europa.eu/cas/>
- Dul isteach ar an Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana ag:
<https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/portal/screen/home> agus clárú (más infheidhme) thar ceann na heagraíochta/an ghrúpa ar a ndéanann siad ionadaíocht. Tá Treoraíocht agus Ceisteanna Coitianta le fáil ar an tairseach.

Ní gá don iarratasóir clárú ach uair amháin trí Chlár Rannpháirtithe an Choimisiúin Eorpaigh³¹⁰. Nuair atá an clárú críochnaithe, gheobhaidh an t-iarratasóir Cód Aitheantais Rannpháirtí³¹¹. Aitheantóir uathúil naoi ndigit atá sa chód agus tá sé riachtanach chun iarratais a chur isteach, cuireann sé ar chumas an iarratasóra an fhoirm iarratais a líonadh isteach ar bhealach níos simplí (is é sin ach uimhir an chóid a chur isteach ar an bhfoirm, léireofar go huathoibríoch san fhoirm an t-eolas uile a sholáthair an t-iarratasóir ag céim an chlárúcháin).

Le haghaidh gníomhaíochtaí a bhainistíonn Gníomhaireachtaí Náisiúnta Erasmus+

Chun clárú ar chóras clárúcháin eagraíochta Erasmus+ agus an Chóir Dlíthpháirtíochta Eorpaigh, ní mór d'ionadaí dlíthiúil an iarratasóra na bearta seo a leanas a dhéanamh:

- Cuntas a chruthú ar EU Login (mura bhfuil cuntas ag an iarratasóir). Is féidir cuntais nua EU Login a chruthú ar an suíomh gréasáin seo a leanas: <https://webgate.ec.europa.eu/cas/eim/external/register.cgi>;
- Dul isteach sa chóras clárúcháin eagraíochta le haghaidh Erasmus+ agus an Chóir Dlíthpháirtíochta Eorpaigh <https://webgate.ec.europa.eu/erasmus+esc/index/> agus clárú (más infheidhme) thar ceann an ghrúpa/na heagraíochta ar a ndéanann sé ionadaíocht.

Ní gá don iarratasóir clárú ach uair amháin. Nuair atá an clárú críochnaithe, gheobhaidh an t-iarratasóir sainaitheantas eagraíochta.

Is féidir le hiarratasóir a shainaitheantas eagraíochta a sheiceáil nó cuid den fhaisnéis atá nasctha léi a athrú tríd an gcóras clárúcháin eagraíochta le haghaidh Erasmus+ agus an Chóir Dlíthpháirtíochta Eorpaigh.

Ach an Sainaitheantas Eagraíochta a chur isteach san fhoirm, lódálfar an fhaisnéis uile a sholáthair an t-iarratasóir ag céim an chlárúcháin agus léireofar an fhaisnéis sin san fhoirm

Cruthúnas ar an stádas dlíthiúil

Mar chuid den phróiseas clárúcháin, ní mór d'iarratasóirí na doiciméid seo a leanas a uaslódáil freisin:

³¹⁰ Tá clár ar líne ag an gCoimisiún Eorpach de na heagraíochtaí rannpháirteacha i gclár éagsúla den Aontas Eorpach darb ainm Clár na Rannpháirtithe.

³¹¹ Faisnéis shainordaitheach san fhoirm iarratais atá i gcód aitheantais rannpháirtí.

- foirm an Eintitis Dhlítheanaigh (atá le híoslódáil ó shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag: http://ec.europa.eu/budget/contracts_grants/info_contracts/legal_entities/legal_entities_en.cfm). I gcás cuibhreannais, ba cheart do gach ball den chuibhreannas foirm an Eintitis Dhlítheanaigh a sholáthar;
- foirm an tSainaitheantais Airgeadais (atá le híoslódáil ó shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag: http://ec.europa.eu/budget/contracts_grants/info_contracts/financial_id/financial_id_en.cfm). Lón isteach an fhoirm a bhaineann leis an tír ina bhfuil an banc, fiú amháin má tá an t-iartrasóir cláraithe go hoifigiúil i dtír eile. I gcás cuibhreannais, níor cheart foirm an tSainaitheantais Airgeadais a sholáthar ach amháin le haghaidh an chomhordaitheora.

I gcás deontais os cionn EUR 60 000, d'fhéadfaí go mbeadh ceangal ar iartrasóirí doiciméid shonracha a uaslódáil chun cruthúnas a thabhairt ar a n-ácmhainn airgeadais. Tá tuilleadh sonraí sa roinn 'Critéir Roghnúcháin' thíos.

CÉIM 2: AN CHOMHLÍONTAIGHT LE CRITÉIR AN CHLÁIR A SHEICEÁIL

Agus a dtionscadal á fhorbairt agus roimh chur isteach ar mhaoiniú ón Aontas, ní mór d'iartrasóirí a fhíorú go n-urramaíonn siad agus a dtionscadal na critéir seo a leanas: inghlacthacht, incháilitheacht, eisiámh, roghnú agus dámhachtain.

Critéir incháilitheachta

Ní mór iarratais a sheoladh **tráth nach déanaí ná an sprioc- am chun iarratais a chur isteach mar a léirítear sa ghlaó.**

Ní mór do na hiarratais a bheith inléite agus inrochtana.

Ní mór iarratais a bheith líonta isteach ina n-iomláine agus na codanna agus na hianscríbhinní sainordaitheacha uile iontu. Ní féidir ach amháin earráidí cléireachais a cheartú tar éis an sprioc-ama chun iarratas a chur isteach arna iarraidh sin don ghníomhaireacht bainistíochta le haghaidh cásanna a bhfuil údar cuí leo.

Le haghaidh gníomhaíochtaí a bhainistíonn an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin, ní mór iarratais a chur isteach **go leictreonaic** trí Chóras Ríomhaighneachta Tairiscintí na Tairsí Cistiúcháin agus Tairiscintí: <https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/portal/screen/home>. Ní mór iarratais (lena n-áirítear iarscríbhinní agus doiciméid tacaíochta) a chur isteach agus úsáid á baint as na foirmeacha a sholáthraítear sa Chóras Aighneachta Tairiscintí.

Ní mór do thograí an t-eolas a iarrtar chomh maith leis na hianscríbhinní riachtanacha agus na doiciméid tacaíochta go léir a chomhlíonadh agus a chuimsiú:

- Foirm Iarratais Cuid A — ina bhfuil eolas riaracháin faoi na rannpháirtithe (comhordaitheoir, taibhithe agus eintitis chleamhnaithe amach anseo) agus buiséad coimrithe an tionscadail (le líonadh isteach go díreach ar líne)
- Foirm Iarratais Cuid B — ina bhfuil tuairisc theicniúil ar an tionscadal (le híoslódáil ón gCóras Ríomhaighneachta Tairsí, le comhlánú agus, ina dhiaidh sin, le cóimeáil agus le hathuaslódáil)
- Cuid C (le líonadh isteach go díreach ar líne, más ann) ina bhfuil sonraí tionscadail breise

Tá iarratais teoranta do 40 leathanach le haghaidh glaonna le haghaidh deontais ar luach íseal (EUR 60 000 nó níos lú); 120 leathanach le haghaidh na n-glaonna deontais a bhfuil luach ard acu (EUR 4 000 000) agus 70 le haghaidh na n-glaonna uile eile. Ní chuirfidh meastóirí aon leathanach breise san áireamh.

Le haghaidh gníomhaíochtaí a bhainistíonn Gníomhaireachtaí Náisiúnta Erasmus+, ní mór iarratais a chur isteach **go leictreonach** trí na foirmeacha atá le fáil ar shuíomh gréasáin Erasmus+ agus ar shuíomhanna gréasáin Gníomhaireachtaí Náisiúnta Erasmus+.

Critéir incháilitheachta

Úsáidtear na critéir incháilitheachta chun a chinneadh cibé acu a cheadaítear nó nach gceadaítear don iarratasóir páirt a ghlacadh i nglao ar thograí agus togra le haghaidh gníomhaíochta a chur isteach. Tá feidhm acu maidir leis na hiarratasóirí agus na tionscadail/gníomhaíochtaí ar lena n-aghaidh a iarrtar an deontas (mar shampla próifíl agus/nó líon na n-agraíochtaí rannpháirteacha atá i gceist, cineál an tionscadail nó/agus na ngníomhaíochtaí, an tréimhse cur chun feidhme, próifíl agus/nó líon na rannpháirtithe lena mbaineann).

Le bheith incháilithe, ní mór don iarratasóir agus don tionscadal cloí leis na critéir incháilitheachta uile a bhaineann leis an nGníomhaíocht faoina bhfuil an togra á chur isteach. Mura gcomhlíonann an togra na critéir incháilitheachta ag céim an iarratais, diúltófar dó gan meastóireacht bhreise a dhéanamh air. Má dhealraíonn sé ag céim an chur chun feidhme nó ag céim na tuarascála críochnaithí nár comhlíonadh na critéir sin, is féidir a mheas go bhfuil na gníomhaíochtaí neamh-incháilithe agus féadfar an deontas ón Aontas a dámhadh don tionscadal i dtosach a ghnóthú mar thoradh air sin.

Tá tuairisc i gCuid B den Treoir ar na critéir incháilitheachta a bhfuil feidhm acu maidir le gach ceann de na Gníomhaíochtaí a chuirtear chun feidhme leis an Treoir ar Chlár Erasmus+.

Critéir eisiaimh

Eisiafar iarratasóir as páirt a ghlacadh i nglaoanna ar thograí faoin gclár Erasmus+ má shuitear go mbaineann ceann de na staideanna eisiaimh a bhfuil tuairisc orthu thíos leis, i gcomhréir le hairteagail 136-141 den Rialachán Airgeadais:

a) tá an t-iarratasóir ina fhéimheach, faoi réir nósanna imeachta dócmhainneachta nó imeachtaí foirceanta, tá a shócmhainní á riar ag leachtaitheoir nó ag cúirt, tá sé i gcomhshocraíocht le creidiúnaithe, tá a ngníomhaíochtaí gnó curtha ar fionraí, nó tá sé in aon chás analógach a eascraíonn as nós imeachta den chineál céanna dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta;

b) suíodh le breithiúnas críochnaitheach nó le cinneadh riaracháin críochnaitheach go raibh an t-iarratasóir ag sárú a chuid oibleagáidí i ndáil le cánacha a íoc nó ranníocaíochtaí slándála sóisialta a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí is infheidhme;

c) suíodh le breithiúnas críochnaitheach nó le cinneadh riaracháin críochnaitheach go raibh an t-iarratasóir ciontach i mí-iompar gairmiúil tromchúiseach trí dhlíthe nó rialacháin nó caighdeáin eiticíúla infheidhme na gairme lena mbaineann an t-iarratasóir a shárú, nó go raibh sé i mbun aon iompair éagóraigh a bhfuil tionchar aige ar a inchreidteacht ghairmiúil i gcás ina léirítear leis an iompar sin intinn éagórach nó mórfhaillí, lena n-áirítear, go háirithe, aon cheann de na nithe seo a leanas:

(i) thug an t-iarratasóir bréagléiriú go calaoiseach nó go faillíoch ar eolas a theastaíonn chun a fhíorú nach bhfuil foras eisiaimh ann nó chun na critéir roghnúcháin nó incháilitheachta a chomhlíonadh nó i bhfeidhmiú conartha nó comhaontaithe;

(ii) chuaigh sé i mbun comhaontú le daoine nó eintitis eile chun iomaíocht a shaobhadh;

(iii) sháraigh sé cearta maoinne intleachtúla;

(iv) rinne sé iarracht tionchar a imirt ar phróiseas cinnteoireachta an oifigigh údarúcháin atá freagrach le linn an nós imeachta dámhachtana;

(v) rinne sé iarracht teacht ar fhaisnéis rúnda a d'fhéadfadh buntáistí míchuí a thabhairt dó sa nós imeachta dámhachtana;

d) suíodh le breithiúnas críochnaitheach go bhfuil an t- iarratasóir ciontach in aon cheann díobh seo a leanas:

(i) calaois, de réir bhrí Airteagal 3 de Threoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³¹² agus Airteagal 1 den Choinbhinsiún maidir le cosaint leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach, a tarraingíodh suas le Gníomh an 26 Iúil 1995 ón gComhairle³¹³;

(ii) éilliú, mar a shainmhínítear in Airteagal 4(2) de Threoir (AE) 2017/1371 nó éilliú gníomhach de réir bhrí Airteagal 3 den Choinbhinsiún maidir leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe a bhfuil oifigigh na gComhphobal Eorpach nó oifigigh Bhallstáit an Aontais Eorpaigh páirteach ann, a tarraingíodh suas le Gníomh an 26 Bealtaine 1997³¹⁴ ón gComhairle, nó iompar dá dtagraítear in Airteagal 2(1) de Chinneadh Réime 2003/568/CGB ón gComhairle³¹⁵, nó éilliú mar a shainmhínítear i ndlíthe infheidhme eile;

(iii) iompar a bhaineann le heagraíocht choiriúil dá dtagraítear in Airteagal 2 de Chinneadh Réime 2008/841/CGB ón gComhairle³¹⁶;

(iv) sciúradh airgid nó maoiniú na sceimhlitheoireachta, de réir bhrí Airteagal 1(3), (4) agus (5) de Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³¹⁷;

(v) cionta sceimhlitheoireachta nó cionta atá nasctha le gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta chomh maith leis na cionta sin a spreagadh, cabhrú leo, iad a neartú nó ag féachaint leis na cionta sin a dhéanamh mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3, 14 agus i dTeideal III de Threoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac;

(vi) saothar leanaí nó **cionta eile a bhaineann le** gáinneáil ar dhaoine **dá dtagraítear** in Airteagal 2 de Threoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³¹⁸;

e) léirigh an t-iarratasóir easnaimh shuntasacha maidir leis na príomhoibleagáidí a chomhlíonadh i bhfeidhmiú conartha nó comhaontaithe atá maoinithe ag an mbuiséad agus a bhí na nithe seo a leanas mar thoradh air:

(i) **luathfhoirceannadh an chonartha nó an chomhaontaithe dá réir;**

(ii) **d'eascair cur i bhfeidhm damáistí leachtaithe nó pionóis chonartha eile as; nó;**

(iii) **d'aimsigh oifigeach údarúcháin, OLAF, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) nó an Chúirt Iniúcháirí iad tar éis seiceálacha, iniúchtaí nó imscrúduithe a dhéanamh;**

f) suíodh le breithiúnas críochnaitheach nó le cinneadh riaracháin críochnaitheach go ndearna an t-iarratasóir neamhrialtacht de réir bhrí Airteagal 1(2) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle³¹⁹;

g) suíodh le breithiúnas críochnaitheach nó le cinneadh riaracháin críochnaitheach gur chruthaigh an t-iarratasóir eintiteas i ndlíne eile agus é mar rún aige dul timpeall ar oibleagáidí fíoscacha, sóisialta nó aon oibleagáid dhlíthiúil eile i ndlíne a oifige cláraithe, a riaracháin lárnaigh nó a lárionaid gnó;

h) suíodh le breithiúnas críochnaitheach nó cinneadh riaracháin críochnaitheach gur cruthaíodh eintiteas leis an rún dá dtagraítear i bpointe (g);

³¹² Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhithin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

³¹³ IO C 316, 27.11.1995, lch. 48.

³¹⁴ IO C 195, 25.6.1997, lch. 1.

³¹⁵ Cinneadh Réime 2003/568/CGB an 22 Iúil 2003 ón gComhairle maidir le héilliú a chomhrac san earnáil phríobháideach (IO L 192, 31.7.2003, lch. 54).

³¹⁶ Cinneadh Réime 2008/841/CGB ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2008 maidir leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe (IO L 300, 11.11.2008, lch. 42).

³¹⁷ Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoirí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

³¹⁸ Treoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2002/629/CGB ón gComhairle (IO L 101, 15.4.2011, lch. 1).

³¹⁹ Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.1995, lch. 1).

i) in éagmais breithiúnas críochnaitheach nó i gcás inarb infheidhme cinneadh riaracháin críochnaitheach, tá an t-iarratasóir i gceann amháin de na cásanna dá bhforáiltear in (c), (d), (f), (g) agus (h) thuas bunaithe ar na nithe seo a leanas go háirithe:

i. fíorais a suíodh i gcomhthéacs iniúchtaí nó imscrúduithe a rinne **OIPE, le haghaidh na mBallstát sin atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe de bhun Rialachán (AE) 2017/1939, an Chúirt Iniúcháirí, OLAF nó an t-iniúcháir** inmheánach, nó aon **seiceáil**, iniúchadh nó rialú eile a rinneadh faoi fhreagracht an oifigigh údarúcháin;

ii. cinntí riaracháin neamhchríochnaitheacha, cinntí ar féidir go n-áireofar orthu bearta araíonachta a ghlac an comhlacht maoirseachta inniúil atá freagrach as fíorú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm chaighdeán na heitice gairmiúla;

iii. fíorais **dá dtagraítear i** gcinntí ó dhaoine agus eintitis atá ag cur chun feidhme cistí de chuid an Aontais de bhun phointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1);

iv. faisnéis **arna tarchur i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 142(2) de Rialachán Airgeadais an Aontais Eorpaigh ag** eintitis atá ag cur chun feidhme **cistí de chuid an Aontais** de bhun **phointe (b)** den **chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) de Rialachán Airgeadais an Aontais Eorpaigh**.

v. cinntí ón gCoimisiún maidir le dlí iomaíochta an Aontais a shárú nó ó údarás inniúil náisiúnta maidir le **dlí** iomaíochta an Aontais nó dlí iomaíochta náisiúnta a shárú.

vi. iarratasóir ar cuireadh ar an eolas é, trí mhodh ar bith, go bhfuil sé faoi réir imscrúdaithe ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF): toisc gur thug OLAF an deis dó trácht ar fhíorais a bhaineann leis, nó toisc go raibh sé faoi réir seiceálacha ar an láthair ag OLAF le linn imscrúdaithe, nó gur tugadh fógra dó maidir le hoscailt nó le dúnadh an imscrúdaithe nó maidir le haon imthoisc a bhaineann le himscrúdú OLAF ina leith.

j) iarratasóir dá dtagraítear in Airteagal 135(2) i gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

i. tá duine nádúrtha nó dlítheanach atá ina chomhalta de chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta an iarratasóra dá dtagraítear in Airteagal 135(2), nó ag a bhfuil cumhachtaí ionadaíochta, cinnteoireachta nó rialaithe maidir leis an iarratasóir sin, i gceann amháin nó níos mó de na staideanna dá dtagraítear i bpointí (c) go (h) thuas;

ii. tá duine nádúrtha nó dlítheanach a ghlacann dliteanas neamhtheoranta i leith fhiacha an iarratasóra dá dtagraítear in Airteagal 135(2) i gceann amháin nó níos mó de na staideanna dá dtagraítear i bpointe (a) nó pointe (b) thuas;

iii. tá duine nádúrtha atá fíorthábhachtach i leith dhámhachtain nó chur chun feidhme an ghealltanais dhlíthiúil i gceann amháin nó níos mó de na cásanna dá dtagraítear i bpointí (c) go (h) thuas;

Má tá an t-iarratasóir i gceann de na staideanna eisiaimh a liostaítear thuas, ní mór dó na bearta atá déanta aige chun an staid eisiaimh a réiteach a léiriú, rud a léiríonn a iontaofacht. Féadfar a áireamh leo sin, mar shampla, bearta teicniúla, eagrúcháin agus pearsanra ionas nach dtarlóidh a leithéid arís, dochar a chúiteamh, nó fineálacha a íoc. Níl feidhm aige sin i leith na staideanna dá dtagraítear i bpointe (d) den roinn seo.

Sna cásanna dá bhforáiltear in (c) go (h) thuas, in éagmais breithiúnas críochnaitheach nó i gcás inarb infheidhme cinneadh riaracháin críochnaitheach, féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin iarratasóir a eisiaimh go sealadach ó pháirt a ghlacadh i nglao ar thograí.

Má chuireann iarratasóir ag a bhfuil eintitis chleamhnaithe an ghníomhaíocht chun feidhme, ní mór dóibh na critéir eisiaimh chéanna leis an bpríomhiarratasóir a chomhlíonadh.

Féadfar diúltú d'iarratasóirí ó nós imeachta dámhachtana má thagann sé chun solais gur dearbhuithe bréagacha nó faisnéis bhréagach atá sna dearbhuithe nó san fhaisnéis a soláthraíodh mar choinníoll chun páirt a ghlacadh sa nós imeachta seo.

Féadfaidh an Gníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin an t-eolas seo a leanas a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin, ar eolas é a bhaineann leis an eisiaimh agus, i gcás inarb infheidhme, leis an bpionós airgeadais sna cásanna dá dtagraítear i bpointí (c) go (h) thuas:

(a) ainm an iarratasóra lena mbaineann;

(b) an staid eisiaimh;

(c) fad thréimhse an eisiaimh agus/nó méid an phionóis airgeadais.

Tá feidhm ag na critéir eisiaimh seo maidir le hiarratasóirí faoi gach Gníomhaíocht den chlár Erasmus+. Le deimhniú nach bhfuil siad in aon cheann de na staideanna a luaitear thuas, ní mór d'iarratasóirí ar dheontas ón Aontas Dearbhú ar a nOnóir a sholáthar. Roinn shonrach den fhoirm iarratais nó iarscríbhinn léi atá sa dearbhú sin ar onóir.

I gcás tograí a chuirtear isteach thar ceann cuibhreannais, tá feidhm ag na critéir eisiaimh a bhfuil tuairisc orthu thuas maidir leis na baill rannpháirteacha uile atá páirteach sa togra.

I gcomhréir le hAirteagail 135(4) agus 138FR, féadfar pionós airgeadais a fhorchur ar fhaighteoir maoinithe ón Aontas lena ndearnadh conradh nó comhaontú dlíthiúil agus a léirigh easnamh mhóra chun príomhoibleagáidí a chomhlíonadh i gcur chun feidhme conartha nó comhaontaithe dlíthiúil atá maoinithe ag an Aontas.

Thairis sin, maidir le cur chun feidhme Gníomhaíochtaí a chumhdaítear i dTreoir an Chláir, measann an Coimisiún go bhfuil na heintitis seo a leanas, nó go bhféadfaidís a bheith, i staid coinbhleacht leasa agus dá bhrí sin níl siad, nó d'fhéadfaí nach mbeidís, incháilithe le bheith rannpháirteach:

- Údaráis Náisiúnta atá i gceannas ar mhaoirseacht a dhéanamh ar Gníomhaireachtaí Náisiúnta agus ar chur chun feidhme an chlár Erasmus+ ina dtír féin, ní féidir leo iarratas a dhéanamh ar aon Gníomhaíocht, ná páirt a ghlacadh in aon Gníomhaíocht, a bhainistíonn Gníomhaireachtaí Náisiúnta in aon tír, ach féadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar rannpháirtíocht (mar iarratasóirí nó mar chomhpháirtithe) i nGníomhaíochtaí a bhainistíonn an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin nó ag AS EAC mura n'eisiaítear a leithéid go sainráite le haghaidh na Gníomhaíochta lena mbaineann (mar a léirítear i gCuid B den Treoir);
- Gníomhaireachtaí Náisiúnta (gníomhaíocht aonair a n'eintitis dhlítheanaigh) nó ranna Gníomhaireachtaí Náisiúnta d'eintitis dhlítheanacha a bhíonn ag déileáil le gníomhaíochtaí lasmuigh de shainchúram Gníomhaireachtaí Náisiúnta, ní fhéadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar aon Gníomhaíocht tríd an Treoirleabhar seo ná ní fhéadfaidh siad a bheith rannpháirteach inti;
- Struchtúir agus líonraí a shaináithnítear nó a ainmnítear sa Chlár Erasmus+ nó in aon Chlár Oibre Bliantúil de chuid an Choimisiúin a ghlactar chun an Clár Erasmus+ a chur chun feidhme go sonrach chun ranníocaíocht airgeadais a fháil ón gCoimisiún faoi chur chun feidhme Chlár Erasmus+, atá á n-óstáil ag an eintiteas dlítheanach a dhéanann an Gníomhaireacht Náisiúnta a óstáil chomh maith, ní fhéadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar aon Gníomhaíocht, ná páirt a ghlacadh inti, arna bainistiú ag Gníomhaireachtaí Náisiúnta Erasmus+ in aon tír, ach féadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar rannpháirtíocht (mar iarratasóirí nó mar chomhpháirtithe) i nGníomhaíochtaí arna mbainistiú ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin nó ag AS EAC ach amháin má eisiaítear a leithéid go sainráite le haghaidh na Gníomhaíochta lena mbaineann (mar a léirítear i gCuid B den Treoir); ní mór dóibh a bheith in ann a léiriú, sula ndámhtar deontas nó conradh orthu, nach bhfuil coinbhleacht leasa ag baint leo toisc go nglacann siad bearta réamhchúraim nó toisc gurb ann do dheighilt shoiléir idir leasanna mar thoradh ar a n'eagrúchán inmheánach. Thairis sin, ní mór costais agus ioncain gach gníomhaíochta dá ndámhtar cistí ón Aontas Eorpach a shaináithint. Is é an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin nó AS EAC, faoina fhreagracht agus faoina chuntasacht féin, ar a ndéanann siad iarratas a ghlacann an cinneadh as a admháil go bhfuil ann do dhearbhu leordhóthanach nach bhfuil coinbhleacht leasa iarbhír i gceist leo;
- Eintitis dhlítheanacha atá ina n-óstach do Gníomhaireachtaí Náisiúnta Erasmus+ ach a bhíonn ag déileáil le gníomhaíochtaí eile laistigh nó lasmuigh de shainchúram an chlár Erasmus+, mar aon le heintitis atá cleamhnaithe leis na heintitis dhlítheanacha sin, ní fhéadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar aon Gníomhaíocht, ná páirt a ghlacadh in aon Gníomhaíocht, arna bainistiú ag Gníomhaireachtaí Náisiúnta in aon tír, ach

féadfaidh siad i bprionsabal iarratas a dhéanamh ar rannpháirtíocht i nGníomhaíochtaí arna mbainistiú ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin nó ag AS EAC mura n-éisiaítear a leithéid go sainráite le haghaidh na Gníomhaíochta lena mbaineann (mar a léirítear i gCuid B den Treoir). Mar sin féin, ní mór dóibh a léiriú, sula ndámhfar deontas nó conradh orthu, nach bhfuil siad i gcoinbhleacht leasa toisc go bhfuil bearta réamhchúraim á nglacadh acu nó toisc gurb ann do dheighilt shoiléir idir leasanna mar thoradh ar a n-eagrúcháin inmheánach (mar shampla scaradh íosta cuntas, scaradh línte tuairiscithe agus cinnteoireachta, bearta chun rochtain ar fhaisnéis faoi phribhléid a chosc). Thairis sin, ní mór costais agus ioncaim gach gníomhaíochta dá ndámhtar cistí ón Aontas Eorpach a shainaithint. Is í an Institiúid, faoina freagracht agus faoina cuntasacht féin, ar a ndéanann siad iarratas a ghlacann an cinneadh as a admháil go bhfuil ann do dhearbhu leordhóthanach nach bhfuil coinbhleacht leasa iarbhir i gceist leo.

CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN

Trí na critéir roghnúcháin, déanann an Gníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin measúnú ar acmhainneacht airgeadais agus oibriúcháin an iarratasóra chun an tionscadal atá beartaithe a chur i gcrích.

Acmhainn airgeadais

Ciallaíonn acmhainn airgeadais go bhfuil foinsí cistiúcháin ag an iarratasóir atá cobhsaí leordhóthanach chun a ghníomhaíocht a choinneáil ar siúl ar feadh na tréimhse ar lena linn a dhéantar an tionscadal nó ar feadh na bliana dá ndámhtar an deontas agus chun bheith rannpháirteach ina chistiú.

Níl feidhm ag an bhfíorú a dhéantar ar an acmhainn airgeadais maidir leis na nithe seo a leanas:

- comhlachtaí poiblí, lena n-áirítear eagraíochtaí de chuid na mBallstát ³²⁰;
- eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- mura bhfuil an deontas iarrtha aonair níos mó ná EUR 60 000.

I gcás iarrataí ar dheontas ón Aontas nach mó ná EUR 60 000 agus atá curtha isteach ag cineálacha eile eintiteas seachas na cinn a luaitear thuas, ní mór d'iarratasóirí dearbhú ar onóir a sholáthar lena ndeimhnítear go bhfuil an acmhainn airgeadais acu chun an tionscadal a chur chun feidhme. Roinn shonrach den fhoirm iarratais atá sa dearbhú sin ar onóir.

I gcás iarrataí ar dheontas ón Aontas is mó ná EUR 60 000 agus atá curtha isteach ag cineálacha eile eintiteas ná na cinn a luaitear thuas, ní mór don iarratasóir, de bheis ar an dearbhú ar onóir, na doiciméid seo a leanas a chur isteach tríd an Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana / an Córas Clárúcháin Eagraíochta:

- Cuntas brabúis agus caillteanais an iarratasóra;
- An clár comhardaithe le haghaidh na bliana airgeadais deiridh ar dúnadh cuntais lena n-aghaidh.
- Doiciméid eile, má iarradh.

Le haghaidh gníomhaíochtaí a bhainistíonn an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin, le haghaidh breis faisnéise, féach “Rules for Legal Entity Validation, LEAR Appointment and Financial Capacity Assessment” (Rialacha maidir le Bailíochtú Eintiteas Dlítheanach, Ceapadh LEAR agus Measúnú ar an Acmhainn Airgeadais): https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/docs/2021-2027/common/guidance/rules-lev-lear-fca_en.pdf

³²⁰ Lena n-áirítear scoileanna, institiúidí ardoideachais agus eagraíochtaí i réimsí an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt a bhfuil os cionn 50 % dá n-ioncam bliantúil faighte acu ó fhoinsí poiblí le 2 bhliain anuas, measfar go bhfuil an acmhainn airgeadais, ghairmiúil agus riaracháin riachtanach acu chun gníomhaíochtaí faoin gClár a chur i gcrích.

I gcás ina mbaineann an t-**iarratas** le deontais ghníomhaíochta le haghaidh tionscadail ar mó a mhéid ná EUR 750 000, i dteannta a luaitear thuas, féadfar tuarscáil iniúchóra atá táirgthe ag iniúcháir seachtrach formheasta a iarraidh. Deimhneofar sa tuarscáil sin na cuntais don bhliain deiridh airgeadais atá ar fáil.

I gcás eintiteas nach féidir leo na doiciméid a luaitear thuas a sholáthar toisc gur eintitis nua-**chruthaithe** iad, féadfar dearbhú airgeadais/sonraí airgeadais nó dearbhú árachais ina sonraítear rioscaí airgeadais an iarratasóra a chur in ionad na ndoiciméad thuas.

Ní mór d'iarratasóirí na doiciméid sin a uaslódáil ar an Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana / ar an gCóras Clárúcháin Eagraíochta tráth a gclárúcháin (féach roinn 'Céim 1: An eagraíocht a chlárú' thuas) nó nuair a théann seirbhísí bailíochtaithe an Aontais Eorpaigh i dteagmháil leo chun iarraidh ar an iarratasóir na doiciméid tacaíochta riachtanacha a chur ar fáil. I gcás gníomhaíochtaí arna mbainistiú go díreach ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin EACEA, seolfar an iarraidh sin tríd an gcóras teachtaireachtaí atá leabaithe sa chóras faoi seach.

I gcás tograí a chuirtear isteach thar ceann cuibhreannas comhpháirtithe, i gcás ina mbeadh amhras ar an nGníomhaireacht Náisiúnta nó ar an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin faoi acmhainn airgeadais an chuibhreannais, ba cheart di measúnú riosca a dhéanamh ar ar a bhonn a fhéadfar na doiciméid chéanna a léirítear thuas a iarraidh ar na heagraíochtaí rannpháirteacha uile sa chuibhreannas. Tá an méid sin infheidhme gan beann ar an méid a dheonaítear.

Más rud é, tar éis anailís a dhéanamh ar na doiciméid sin, go gcinneann an Gníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin go bhfuil an acmhainn airgeadais lag, ansin féadfaidh sí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- faisnéis bhreise a iarraidh;
- córas freagrachta airgeadais feabhsaithe a éileamh, is é sin, freagracht chomhpháirteach agus leithleach le haghaidh na gcomhthairbhíthe uile nó dliteanas comhpháirteach agus leithleach eintiteas cleamhnaithe;
- a chinneadh réamh- mhaoiniú a thabhairt atá íoctha ina thráthchodanna;
- a chinneadh réamh- mhaoiniú (amháin nó níos mó) a thabhairt a chumhdaítear le ráthaíocht bhainc nó;
- a chinneadh gan réamh- mhaoiniú a thabhairt;

Má mheastar go bhfuil an acmhainn airgeadais neamh- leordhóthanach, diúltófar don togra comhfhreagrach.

Acmhainn oibríochtúil

Ciallaíonn acmhainn oibríochtúil go bhfuil na hinniúlachtaí gairmiúla agus na cáilíochtaí is gá ag an iarratasóir chun an tionscadal atá beartaithe a chur i gcrích. Ní mór an **fios gnó, na cáilíochtaí** agus **na hacmhainní** cuí a bheith ag na hiarratasóirí chun na tionscadail a chur chun feidhme agus a scair a rannchuidiú (lena n-áirítear taithí leordhóthanach i dtionscadail ar mhéid agus cineál inchoimparáide). Ag brath ar mheasúnú riosca, féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach an oibleagáid a tharscaoileadh maidir le hacmhainn oibríochtúil comhlachtaí poiblí, eagraíochtaí de chuid na mBallstát nó eagraíochtaí idirnáisiúnta a fhíorú

Le haghaidh iarratais a chuirtear faoi bhráid Gníomhaireachtaí Náisiúnta:

Ní mór d'iarratasóirí dearbhú ar onóir a sholáthar lena ndeimhnítear go bhfuil an acmhainn oibríochtúil acu an tionscadal a chur chun feidhme. De bhreis air sin, más gá san fhoirm iarratais agus más mó an deontas ná EUR 60 000, d'fhéadfaí a iarraidh ar iarratasóirí CV na bpríomhphearsana atá páirteach sa tionscadal a chur isteach chun a dtaithí ghairmiúil ábhartha a léiriú nó doiciméid tacaíochta eile a chur isteach amhail:

- Liosta foilseachán ábhartha leis an bpríomhfhoireann;
- Liosta críochnaitheach tionscadal agus gníomhaíochtaí roimhe seo a cuireadh i gcrích agus a bhaineann leis an réimse beartais nó leis an ngníomhaíocht shonrach seo.

Ina theannta sin, iarratasóirí ar chreidiúnú i réimsí an oideachais aosaigh, an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, an oideachais scoile agus na hóige, ní mór ar a laghad taithí 2 bhliain a bheith acu i gcur chun feidhme gníomhaíochtaí chun go mbeidh siad incháilithe mar iarratasóirí ar an gcreidiúnú. Cuirfear san áireamh mar thaithí ábhartha de réir bhrí na forála seo taithí roimh chumaisc nó athruithe struchtúracha comhchosúla ar eintitis phoiblí (mar shampla scoileanna nó ionaid oideachais).

Le haghaidh comhordaitheoirí cuibhreannais soghluaisteachta: ní mór don eagraíocht is iarratasóir a bheith in ann an cuibhreannas a chomhordú de réir an Phlean Erasmus atá beartaithe, chuspóir an chuibhreannais, leithdháileadh beartaithe cúraimí, agus chaighdeán cháilíochta Erasmus (a chuirtear i láthair ar shuíomh gréasáin Europa: <https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/sites/erasmusplus2/files/eac-a02-2020-quality-standards.pdf>).

Déanfar an dá choinníoll thuas a fhíorú bunaithe ar an iarratas (lena n-áirítear faisnéis maidir le rannpháirtíocht roimhe seo an iarratasóra sa chlár Erasmus+ 2014-2020) agus ar na doiciméid a cuireadh isteach sa Chóras Clárúcháin Eagraíochta. Iarratasóirí nach soláthraíonn an fhaisnéis a iarrtar san fhoirm iarratais, féadfar iad a dhícháiliú ar an mbonn sin.

Le haghaidh iarratais a chuirtear faoi bhráid na Gníomhaireachta Náisiúnta:

Déanfar measúnú ar an acmhainn oibríochtúil i gcomhthráth leis an gcritéar dámhachtana 'Cáilíocht', ar bhonn inniúlacht agus thaithí na n-iarratasóirí agus a bhfoirne tionscadail, lena n-áirítear acmhainní oibríochtúla (de chineál daonna, teicniúil agus eile).

Meastar go bhfuil acmhainn oibríochtúil leordhóthanach ag na hiarratasóirí nuair a chomhlíontar na ceanglais lena dtagraítear don acmhainn oibríochtúil a leagtar síos sa ghlaó ar thograí.

Beidh ar iarratasóirí a n-inniúlacht a léiriú tríd an bhfaisnéis seo a leanas san Fhoirm Iarratais (Cuid B):

- próifílí ginearálta (cáilíochtaí agus taithí) na mball foirne atá freagrach as an tionscadal a bhainistiú agus a chur chun feidhme
- tuairisc ar chomhdhéanamh an chuibhreannais
- liosta de thionscadail atá maoinithe ag an Aontas le 4 bliana anuas.

Féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta nó an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin doiciméid tacaíochta bhreise a iarraidh chun an fhaisnéis a áirítear san iarratas a fhíorú.

Critéir dhámhachtana

Cuireann na critéir dhámhachtana ar a cumas don Ghníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin meastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na dtograí tionscadail a chuirtear isteach faoi chuimsiú Phríomhghníomhaíochtaí Chlár Erasmus+.

Tograí a bhaineann na tairseacha aonair amach agus an tairseach cháilíochta fhoriomlán, cuirfear san áireamh le haghaidh maoiniú iad, laistigh de theorainneacha bhuiséad an ghlaó atá ar fáil. Cuirfear na tograí eile ar an liosta ionadaithe nó dearbhófar nár éirigh leo.

Tá tuairisc i gCuid B den Treoir ar na critéir dhámhachtana a bhfuil feidhm acu maidir le gach ceann de na Gníomhaíochtaí a chuirtear chun feidhme leis an Treoir ar Chlár Erasmus+.

CÉIM 3: NA COINNÍOLLACHA AIRGEADAIS A SHEICEÁIL

Cineálacha deontais

Féadfaidh an deontas a bheith sna foirmeacha seo a leanas:

- 1) deontas costas iarbhrí measctha:
 - costais incháilithe arna dtabhú iarbhrí a aisíoc: mar shampla, na costais eisceachtúla faoi ghníomhaíochtaí soghluaisteachta Phríomhghníomhaíocht 1.
 - aisíocaíocht ar bhonn costais aonaid, lena gcumhdaítear catagóirí sonracha áirithe de chostais incháilithe a shainaithnítear go soiléir roimh ré faoi threoir méid in aghaidh an aonaid: mar shampla, an tacaíocht aonair faoi thionscadail shoghluaisteachta Phríomhghníomhaíocht 1;
- 2) ranníocaíochtaí cnapshuimeanna, lena gcumhdaítear i dtéarmaí uilíocha na catagóirí uile de chostais incháilithe a shainaithnítear go soiléir roimh ré: mar shampla, na costais faoi thionscadail chomhpháirtíochta ar mhionscála Phríomhghníomhaíocht 2. Ní mór méid na cnapshuime a ríomh i gcomhréir leis na modhanna a leagtar amach i gcinneadh na cnapshuime³²¹ agus trí úsáid a bhaint as an tábla/áireamhán buiséid mionsonraithe a sholáthraítear (más ann dó). Má bhunaítear ríomh na cnapshuime ar bhuiséid tionscadail mheasta, ní mór na bunchoinníollacha incháilitheachta maidir le deontais costais iarbhrí an Aontais a chomhlíonadh leis an mbuiséad measta (féach airt. 6 den MGA ginearálta)
- 3) meascán de na nithe thuas.

I bhformhór na gcásanna, soláthraítear leis an sásra maoinithe a chuirtear i bhfeidhm faoin gClár Erasmus+ deontais bunaithe ar an aisíocaíocht ar bhonn costais aonaid nó cnapshuimeanna. Cuidíonn na cineálacha deontais sin le hiarratasóirí méid an deontais arna iarraidh a ríomh go héasca agus pleanáil airgeadais réalaíoch an tionscadail a éascú.

Le fáil amach cén cineál deontais a chuirtear i bhfeidhm maidir le gach mír mhaoinithe faoi gach Gníomhaíocht Erasmus+ a chumhdaítear leis an Treoir seo, féach an tuairisc ar gach gníomhaíocht i gCuid B, an roinn 'Cad iad na rialacha maoinithe?'.

PRIONSABAIL A BHAINNEANN LE DEONTAIS ÓN AONTAS EORPACH

Neamh-aisghníomhaíocht

Ní fhéadfar aon deontas ón Aontas a dhámhachtain go cúlghabhálach le haghaidh tionscadal atá críochnaithe cheana féin.

Ní fhéadfar deontas ón Aontas a dhámhachtain le haghaidh tionscadal a tosaíodh cheana ach amháin i gcás inar féidir leis an iarratasóir a léiriú, sa togra tionscadail, gur gá tús a chur leis an tionscadal sular síníodh an comhaontú deontais. I gcásanna den sórt sin, ní thabhfófar na costais incháilithe ar mhaoiniú roimh an dáta faoina gcuirtear isteach an t*iarratas* ar dheontas.

Má chuireann an t*iarratasóir* tús leis an tionscadal a chur chun feidhme sula sínítear an comhaontú deontais, déantar sin ar riosca an iarratasóra.

Tíolacthaí iolracha

I gcás gníomhaíochtaí arna mbainistiú ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin, féadfaidh iarratasóirí níos mó ná togra amháin a chur isteach le haghaidh tionscadal éagsúil faoin nglao céanna (agus féadfar maoiniú a dhámhachtain dóibh ina leith). Féadfaidh eagraíochtaí a bheith rannpháirteach i níos mó ná togra amháin. Má tá níos mó ná togra amháin

³²¹ Cinneadh ón gCoimisiún ar chnapshuim -and-unit-cost-decision_erasmus_en.pdf (europa.eu)

le haghaidh tionscadal an-chosúil lena chéile, áfach, ní dhéanfar ach togra amháin a ghlacadh agus a mheas; iarrfar ar na hiarratasóirí ceann amháin díobh a tharraingt siar (nó diúltófar dó).

Féadfar tograí a athrú agus a chur isteach arís suas go dtí an sprioc-am chun iarratas a chur isteach.

Maidir le gníomhaíochtaí a bhainistíonn Gníomhaireachtaí Náisiúnta, i gcás ina gcuireann an t-iarratasóir céanna an t-iarratas céanna faoi bhráid Gníomhaireachtaí éagsúla an iliomad uaireanta, diúltófar dóibh. I gcás ina gcuireann an t-iarratasóir céanna nó iarratasóir éagsúil iarratais atá beagnach comhionann nó atá comhchosúil faoi bhráid na Gníomhaireachta céanna nó na nGníomhaireachtaí céanna, beidh siad uile faoi réir measúnú sonrach agus is féidir go ndiúltófar iad uile.

Inneachar bunaidh agus údarhacht

I ngach iarratas ar thionscadail agus creidiúnú, ní mór inneachar bunaidh a bheith ann atá údaraithe ag an iarratasóir. Féadfaidh institiúid ardoideachais a bhfuil iarratas á dhéanamh acu ar ghníomhaíochtaí soghluaisteacha idirnáisiúnta páirt a thabhairt maidir le dréachtú a n-iarratas dá gcuid institiúidí ardoideachais comhpháirtíochta ó thíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gclár. Ní féidir aon eagraíocht eile ná daoine aonair seachtracha a íoc ná a chúiteamh ar bhealach eile as an iarratas a dhréachtú. Féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta an t-iarratas a dhiúltú ón bpróiseas roghnúcháin nó tionscadal/creidiúnú dáfa a fhoirceannadh ag aon tráth má chinneann sí nár comhlíonadh na rialacha sin.

Dámhachtain neamhcharnach

Níl tionscadail arna maoiniú ag an Aontas Eorpach i dteideal ach aon deontas amháin a fháil ó bhuiséad an Aontais Eorpaigh d'aon tairbhí amháin ar bith. Ní dhéanfar na costais chéanna a mhaoiniú faoi dhó i gcás ar bith trí mheán bhuiséad an Aontais.

Chun an baol maidir le maoiniú dúbailte a sheachaint, ní mór don iarratasóir foinsí agus méideanna aon chistiúcháin eile a fuarthas nó ar ar cuireadh isteach le linn na bliana a léiriú, cibé acu le haghaidh an tionscadail chéanna nó le haghaidh aon tionscadal eile, lena n-áirítear deontais oibriúcháin. Le haghaidh gníomhaíochtaí a bhainistíonn na Gníomhaireachtaí Náisiúnta, léireofar an méid sin san fhoirm iarratais. Le haghaidh gníomhaíochtaí a bhainistíonn an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin, seiceálfar an méid sin trí Dhearbhú ar Onóir.

Neamhbhrabús

Ní bheidh sé de chuspóir ná d'éifeacht ag deontas a mhaoinítear trí bhuiséad an Aontais brabús a dhéanamh faoi chuimsiú an tionscadail a dhéanann an tairbhí. Sainítear brabús mar bharrachas, arna ríomh tráth a n-íocfar an t-~~ioncam~~ iarmhéid, fáltas i leith chostais incháilithe na gníomhaíochta nó an chláir oibre, i gcás ina mbeidh fáltas teoranta do dheontas an Aontais agus don teacht isteach arna ghiniúint ag an ngníomhaíocht nó ag an gclár oibre sin³²². Níl feidhm

³²² Chuige sin, tá na fáltas teoranta don ioncam atá ginte ag an tionscadal, mar aon le ranníocaíochtaí airgeadais atá leithdháilte go sonrach ag deontóirí ar chostais incháilithe a mhaoiniú. Dá bhrí sin, is é atá sa bhrabús (nó sa chaillteanas) mar a shainmhínítear thuas an difríocht idir:

- méid an deontais a nglactar leis go sealadach agus an t-~~ioncam~~ ioncam arna ghiniúint leis an ngníomhaíocht agus
- na costais incháilithe arna dtabhú ag an tairbhí.

ag an bprionsabal neamhbhrabúis maidir le deontais a sholáthraítear i bhfoirm costas aonaid, cnapshuime nó maoiniú ar ráta comhréidh, lena n-áirítear scoláireachtaí, ná maidir le hiarrataí ar dheontais nach mó iad ná EUR 60 000.

Nuair a dhéantar brabús, beidh an Coimisiún i dteideal ghnóthú céatadán an bhrabúis a chomhfhreagraíonn do ranníocaíocht an Aontais leis na costais incháilithe a thabhaigh an tairbhí iarbhir agus an ghníomhaíocht á déanamh.

Chun críche an brabús a ghintear leis an deontas a ríomh, ní chuirfear san áireamh cómhaoiniú i bhfoirm ranníocaíochtaí comhchineáil.

Cómhaoiniú

Thairis sin, spreagadh atá i ndeontas ón Aontas Eorpach chun tionscadal a dhéanamh nach mbeadh indéanta gan tacaíocht airgeadais ón Aontas Eorpach, agus tá sé bunaithe ar phrionsabal an chómhaoinithe. Tuigtear le cómhaoiniú go bhféadfadh sé tarlú nach maoiníofaí costais iomlána an tionscadail leis an deontas ón Aontas Eorpach; ní mór an tionscadal a mhaoiniú le foinsí cómhaoinithe seachas an deontas ón Aontas Eorpach (mar shampla acmhainní dílse an tairbhí, ioncam a ghintear leis an ngníomhaíocht, ranníocaíochtaí airgeadais ó thríú páirtithe).

Nuair a sholáthraítear deontas ón Aontas i bhfoirm costas aonaid, cnapshuime, nó maoiniú ar ráta comhréidh – mar atá i gcás fhormhór na nGníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an Treoir seo – áirithíonn an Coimisiún prionsabail an neamhbhrabúis agus an chómhaoinithe le haghaidh na Gníomhaíochta ina hiomláine roimh ré nuair a shainíonn sé rátaí nó céatadán na n-aonad, na gcnapshuimeanna agus na rátaí comhréidh sin. Glactar leis tríd is tríd go gcloítear leis na prionsabail neamhbhrabúis agus chómhaoinithe agus, dá bhrí sin, ní gá d'iarraitasóirí faisnéis a chur ar fáil ar fhoinsí cistiúcháin seachas an deontas ón Aontas Eorpach, ná ní gá dóibh údar a thabhairt leis na costais a thabhaítear leis an tionscadal.

Mar sin féin, íocaíocht an deontais bunaithe ar an aisíocaíocht ar bhonn costais aonaid, cnapshuimeanna, nó maoiniú ar ráta comhréidh, tá sí gan dochar don cheart rochtana ar thaifid reachtúla na dtairbhíthe. I gcás ina nochtar le seiceáil nó le hiniúchadh nár tharla an t-imeacht ginte (mar shampla ní dhéantar gníomhaíochtaí an tionscadail mar a fhormheastar ag céim an iarratais, ní ghlacann rannpháirtithe páirt sna gníomhaíochtaí srl.) agus go ndearnadh íocaíocht mhíchuí leis an tairbhí i bhfoirm deontais bunaithe ar an íocaíocht ar bhonn ranníocaíochta le costais aonaid, cnapshuimeanna, nó maoiniú ar ráta comhréidh, beidh an Gníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin i dteideal suas le méid an deontais a ghnóthú. Ar an mbealach céanna, mura gcuirtear na gníomhaíochtaí a rinneadh nó na haschuir a táirgeadh chun feidhme nó mura gcuirtear chun feidhme iad i gceart (lena n-áirítear mainneachtain oibleagáid chonarthaigh a chomhlíonadh), féadfar an deontas a laghdú, agus a mhéid a cuireadh an ghníomhaíocht i gcrích á chur san áireamh. Ina theannta sin, chun críocha staidrimh agus monatóireachta, féadfaidh an Coimisiún Eorpach suirbhéanna a dhéanamh ar shamplaí de thairbhíthe a bhfuil mar aidhm leo cainníochtú a dhéanamh i leith na gcostas iarbhir a thabhaítear i dtionscadail a chistítear bunaithe ar an aisíocaíocht ar bhonn ranníocaíochta le costais aonaid, cnapshuimeanna nó maoiniú ar ráta comhréidh.

COSTAIS AGUS RANNÍOCAÍOCHTAÍ INCHÁILITHE AGUS NEAMH-INCHÁILITHE A BHAINNEANN LE DEONTAIS COSTAS IARBHÍR MEASCTHA

Ina theannta sin, i gcás ina ndéantar brabús, déanfar an brabús sin a ghnóthú. Beidh an Gníomhaireacht Náisiúnta nó an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin i dteideal céatadán an bhrabúis a chomhfhreagraíonn do ranníocaíocht an Aontais leis na costais incháilithe a thabhaigh an tairbhí iarbhir, agus an ghníomhaíocht á déanamh, a ghnóthú. Soláthrófar soiléirithe breise ar ríomh an bhrabúis le haghaidh gníomhaíochtaí dá bhfuil deontais i bhfoirm aisíocaíocht cion sonraithe de chostais incháilithe.

Chun a bheith incháilithe, ní mór na coinníollacha incháilitheachta atá leagtha amach thíos a chomhlíonadh i ndáil le costais agus ranníocaíocht³²³:

Costais incháilithe – coinníollacha ginearálta

1) I gcás costais iarbhír:

- ní mór don tairbhí iad a thabhtú i ndáiríre;
- ní mór iad a thabhtú le linn thréimhse an tionscadail, cé is moite de na costais a bhaineann le tuarascálacha críochnaitheacha agus le deimhnithe iniúchóireachta, a bhféadfaidh tarlú ina dhiaidh;
- ní mór iad a léiriú i mbuiséad measta an tionscadail;
- ní mór iad a bheith riachtanach maidir le cur chun feidhme an tionscadail is ábhar don deontas;
- ní mór iad a bheith inéireachaitheanta agus infhíoraithe, go háirithe taifead a bheith déanta orthu i dtaifid chuntasaíochta an tairbhí agus iad a bheith cinntithe de réir chaighdeáin chuntasaíochta infheidhme na tíre ina bhfuil an tairbhí bunaithe agus de réir ghnáthchleachtais an tairbhí i ndáil le cuntasaíocht chostála;
- ní mór forálacha na reachtaíochta cánach agus sóisialta is infheidhme a chomhlíonadh leo; tá siad réasúnach, tá bonn cirt leo agus comhlíonann siad prionsabal na bainistíochta fóna airgeadais, go háirithe maidir le tíosaíocht agus éifeachtúlacht.

2) I gcás costais aonaid agus ranníocaíochtaí:

- ní mór iad a bheith dearbhaithe faoi cheann de na catagóirí buiséid a leagtar amach i mbuiséad measta an tionscadail;
 - (i) ní mór do na haonaid a bheith:
 - in úsáid nó á dtáirgeadh iarbhír ag an tairbhí le linn na tréimhse cur chun feidhme;
 - riachtanach maidir le cur chun feidhme na gníomhaíochta agus
 - (ii) ní mór líon na n-aonad a bheith inaitheanta agus infhíoraithe agus, nuair is gá, taifid agus doiciméadacht a bheith ag gabháil leo;

3) Ranníocaíochtaí cnapshuime:

- ní mór iad a bheith dearbhaithe faoi cheann de na gníomhaíochtaí/pacáistí oibre a leagtar amach i mbuiséad measta an tionscadail;
- ní mór an obair a bheith curtha chun feidhme i gceart ag an tairbhí i gcomhréir le comhaontú an deontais;
- ní mór na táirgí/haschuir a bheith bainte amach le linn an tréimhse cur chun feidhme;

Costais incháilithe - Coinníollacha sonracha

Féadfaidh costais incháilithe a bheith díreach nó indíreach.

Costais dhíreacha

Is iad na costais dhíreacha incháilithe le haghaidh na gníomhaíochta na costais sin a shainithnítear, agus aird chuig á tabhairt ar na coinníollacha incháilitheachta a leagtar amach thuas, mar chostais shonracha atá nasctha go díreach le feidhmíocht na gníomhaíochta agus is féidir a bheith go díreach sannta di dá bhrí sin. I dteannta na gcostas incháilithe díreach a léireofar sa ghlaio ar thograí, meastar go bhfuil na catagóirí seo a leanas incháilithe freisin:

323

Aistrítear Treoir 2006/112/CE maidir le CBL leis an reachtaíocht náisiúnta maidir le CBL sna Ballstáit.

- costais a bhaineann le ráthaíocht réamh- mhaoiniúcháin atá taiscthe ag tairbhí an deontais, i gcás ina n- éilíonn an Gníomhaireacht Náisiúnta an ráthaíocht sin;
 - costais a bhaineann le deimhnithe ar na ráitis airgeadais agus tuarascálacha fíorúcháin oibríochtúla i gcás ina n- éileoidh an Gníomhaireacht Náisiúnta na deimhnithe nó na tuarascálacha sin chun tacú leis na hiarrataí ar íocaíochtaí;
- costais dímheasa, i gcás ina ndéanann an tairbhí iad a thabhtú iarbhrí.

Ní mór a bheith in ann le nósanna imeachta inmheánacha an tairbhí maidir le cuntaíocht agus iniúchadh na costais agus an t-ioncam a dhearbhaítear a réiteach go díreach leis na ráitis chuntaíochta chomhfhreagracha agus le doiciméid tacaíochta.

Cáin bhreisluacha (CBL)

Ní mheasfar cáin bhreisluacha mar chostas incháilithe ach amháin murar féidir í a ghnóthú tríd an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme maidir le CBL³²⁴. An t-aon eisceacht a bhaineann leis sin ná gníomhaíochtaí nó idirbhearta ina bhfuil stáit, údaráis réigiúnacha agus áitiúla agus comhlachtaí poiblí eile páirteach mar údaráis phoiblí³²⁵. Ina theannta sin:

- CBL in-ásbhainte nach n-ásbhaintear i ndáiríre (i ngeall ar dhálaí náisiúnta nó de bharr mhíchúram na dtairbhíthe), níl sé incháilithe;
- níl feidhm ag an Treoir CBL le tíortha neamh-AE. Féadfar eagraíochtaí ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a dhíolmhú ó chánacha (agus CBL san áireamh), ó dhleachtanna agus ó mhuirir, más rud é gur síníodh comhaontú idir an Coimisiún Eorpach agus an tír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár ina bhfuil an eagraíocht bunaithe.

Costais indíreacha incháilithe

Is éard atá i gceist le costais indíreacha costais nach bhfuil nasctha go díreach le cur chun feidhme na gníomhaíochta agus nach féidir, dá bhrí sin, a bheith curtha ina leith go díreach.

I gcás cineálacha áirithe tionscadal (féach Cuid B den Treoir seo le haghaidh mionsonraí ar na rialacha cistiúcháin le haghaidh Gníomhaíochtaí), tá méid ar ráta comhréidh, nach mó ná 7 % de chostais dhíreacha incháilithe an tionscadail (seachas costais dheonacha, más ann) incháilithe faoi chostais indíreacha, lena léirítear costais riaracháin ghinearálta an tairbhí nach bhfuil cumhdaithe cheana leis na costais dhíreacha incháilithe (mar shampla billí leictreachais nó idirlín, costais áitribh, srl.) ach ar féidir a mheas gur costais inmhuirearaithe i leith an tionscadail iad.

Ní fhéadfar a áireamh le costais indíreacha costais a chuirtear isteach faoi chatagóir bhuiséid eile. Níl costais indíreacha incháilithe i gcás ina bhfaigheann an tairbhí deontas oibriúcháin ó bhuiséad an Aontais cheana féin (mar shampla faoi chuimsiú an ghlaio ar thograí maidir le Comhar leis an tSochaí Shibhialta faoin gClár Erasmus+).

Má údaraítear iad le haghaidh gníomhaíochta áirithe, cuir san áireamh nach catagóir chlasaiceach costais iad costais dheonacha. Níl aon chostas ann toisc go n-oibríonn oibrithe deonacha saor in aisce, ach mar sin féin féadfar iad a chur

³²⁴

³²⁵ Féach airteagal 13(1) den Treoir.

leis an mbuiséad mar chostas aonaid réamhshocraithe (in aghaidh an oibrí dheonaigh)³²⁶ a ligeann duit dá réir sin tairbhíú d'obair na n-oibríthe deonacha don deontas (trí mhéid na haisíocaíochta a mhéadú suas le 100 % de ghnáthchostais, is é sin catagóirí costais seachas oibríthe deonacha).

Le haghaidh gníomhaíochtaí arna mbainistiú ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin, bain úsáid as na costais aonaid maidir le taisteal, lóistín agus cothú a shonraítear i gCinneadh ón gCoimisiún C(2021) 35³²⁷ nuair atá do chostais thaistil, lóistín agus chothaithe á ríomh agat. Ina theannta sin, tabhair faoi deara go bhfuil sealbhóirí FBM agus tairbhíthe in ndaoine nádúrtha incháilithe trí Chinneadh ón gCoimisiún an 20 Deireadh Fómhair 2020 a chur i bhfeidhm lena n-údaraítear costais aonaid a úsáid maidir le costais phearsanra úinéirí fiontar beag agus meánmhéide agus tairbhíthe ina ndaoine nádúrtha nach bhfaigheann tuarastal don obair a dhéanann siad féin faoi ghníomhaíocht nó faoi chlár oibre³²⁸.

Ó thaobh suíomhanna gréasáin tionscadail de, tá costais chumarsáide maidir leis an tionscadal a chur i láthair ar shuíomhanna gréasáin nó ar chuntais mheáin shóisialta na rannpháirtithe incháilithe.

Níl Tacaíocht Airgeadais chuig tríú Páirtithe incháilithe ach amháin má fhoráiltear dóibh sa Ghlaio (Cuid B den Treoir Cláir seo).

Costais neamh- incháilithe

Ní mheasfar gur costais incháilithe iad na costais seo a leanas:

- toradh ar chaipiteal agus díbhinní atá íoctha ag tairbhí;
- fiachas agus muirir seirbhíse fiachais;
- forálacha maidir le caillteanais nó fiacha;
- ús dlite;
- fiacha amhrasacha;
- caillteanais mhalairte;
- costais atá dearbhaite ag an tairbhí faoi ghníomhaíocht eile a fhaigheann deontas atá maoinithe ó bhuiséad an Aontais
- caiteachas iomarcach nó meargánta;
- ranníocaíochtaí comhchineáil ó thríú páirtithe;
- i gcás trealamh ar cíós nó ar léas, costais aon rogha ceannaigh ag deireadh thréimhse an léasa nó an chíosa;
- costais a bhaineann le cuntais bhainc a oscailt agus a fheidhmiú (lena n-áirítear costais ar aistrithe chuig an nGníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin, nó uaithi, arna ngearradh ag bainc an tairbhí).
- CBL, i gcás ina meastar é mar a bheith inghnóthaithe faoin reachtaíocht náisiúnta infheidhme maidir le CBL (féach an mhír thuas maidir le Cáin Bhreisluacha);
- ceadaítear ranníocaíochtaí comhchineáil ach ní féidir iad a dhearbhu mar chostais.

Foinsí maoinithe

Ní mór don iarratasóir an ranníocaíocht ó fhoinsí eile seachas an deontas ón Aontas Eorpach a léiriú san fhoirm iarratais. Féadfaidh cómhaoiniú seachtrach a bheith i bhfoirm acmhainní dílse an tairbhí, ranníocaíochtaí airgeadais ó thríú páirtithe nó ioncam a ghintear leis an tionscadal. Más rud é, tráth na tuarascála críochnaithí agus na hiarrata ar íocaíocht an fhuílligh, go bhfuil fianaise ann ar bharrachas ioncaim (féach an Chuid maidir le Neamhbhrabús agus

³²⁶ https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/docs/2021-2027/common/guidance/unit-cost-decision-volunteers_en.pdf

³²⁷ https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/docs/2021-2027/common/guidance/unit-cost-decision-travel_en.pdf

³²⁸ https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/docs/2021-2027/common/guidance/unit-cost-decision-sme-owners-natural-persons_en.pdf

Cómhaoiniú), beidh an Gníomhaireacht Náisiúnta nó an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin i dteideal céatadán an bhrabúis a chomhfhreagraíonn do ranníocaíocht an Aontais leis na costais incháilithe a thabhaigh an tairbhí iarbhrí, agus an tionscadal á dhéanamh, a ghnóthú. Ní bhaineann an fhoráil seo le tionscadail ag a bhfuil deontas nach mó é ná EUR 60 000 á iarraidh acu.

Ní mheastar go bhfuil ranníocaíochtaí comhchineáil ó thríú páirtithe ina bhfoinse fhéideartha chómhaoinithe.

CÉIM 4: AN FHOIRM IARRATAIS A LÍONADH ISTEACH AGUS A CHUR ISTEACH

Le deontas ón Aontas a iarraidh faoin gClár Erasmus+, ní mór d'iarraitasóirí úsáid a bhaint as na foirmeacha sonracha le haghaidh gach gníomhaíochta atá le fáil ar shuíomhanna gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh nó na nGníomhaireachtaí Náisiúnta (féach an nasc seo a leanas le haghaidh sonraí teagmhála: http://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/contact_en).

I gcás tionscadail a chuirtear isteach i gcuibhreannas, cuireann an comhordaitheoir iarratas aonair isteach le haghaidh an tionscadail uile thar ceann na mball uile den chuibhreannas. Ní mór an t-iarratas a chur isteach chuig an nGníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin (féach na codanna 'Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh?' le haghaidh gach Gníomhaíochta i gCuid B den Treoir seo).

-

Ní ghlacfar le hiarratais a chuirtear isteach sa phost, le seirbhís cúiréireachta, facs nó ríomhphost.

I gcás gníomhaíochtaí a bhainistíonn an Gníomhaireacht Náisiúnta, ní mór an fhoirm leictreonach a líonadh isteach i gceann de na teangacha oifigiúla a úsáidtear i mBallstáit den Aontas agus i dtíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. I gcás gníomhaíochtaí a bhainistíonn an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin, ní mór d'iarraitasóirí an fhoirm a líonadh isteach i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais. Ba cheart don achomaireacht/achóimre, áfach, a bheith i gcónaí i mBéarla.

Ní mór iarratais a chur faoi bhráid Gníomhaireacht Náisiúnta amháin nó na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin, agus an Gníomhaireacht sin amháin. I gcás tíolacthaí iolracha den iarratas céanna sa bhabhta roghnúcháin céanna chuig an nGníomhaireacht Náisiúnta nó chuig an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin céanna, measfaidh an Gníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin mar a bheith bailí an leagan deiridh a cuireadh isteach roimh an sprioc-am. I gcás ina gcuirtear na hiarratais céanna nó iarratais an-chomhchosúla de chuid na heagraíochta céanna is iarratasóir nó an chuibhreannais céanna faoi bhráid Gníomhaireachtaí Náisiúnta éagsúla an iliomad uaireanta, is féidir go ndiúltófar go huathoibríoch do na hiarratais uile (féach an roinn maidir le dámhachtain neamhcharnach).

Le haghaidh breis faisnéise maidir le conas an fhoirm iarratais a líonadh isteach agus a chur isteach, téigh chuig na suíomhanna gréasáin seo a leanas:

- **Le haghaidh gníomhaíochtaí a bhainistíonn Gníomhaireachtaí Náisiúnta Erasmus+:** féach na treoirlínte maidir le conas foirm leictreonach a líonadh isteach agus a chur isteach. Tá faisnéis sna treoirlínte sin freisin maidir le céard is ceart a dhéanamh i gcás fadhbanna teicniúla; tá siad le fáil ar shuíomhanna gréasáin na nGníomhaireachtaí Náisiúnta (le haghaidh Gníomhaíochtaí atá bainistithe acu) agus an Choimisiúin Eorpaigh.
- **Le haghaidh gníomhaíochtaí a bhainistíonn an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin:** Ní mór iarratais a chur isteach go leictreonach trí Chóras Ríomhaighneachta Tairiscintí na Tairisí Cistiúcháin agus Tairiscintí. Le haghaidh breis faisnéise maidir le próiseas an chur isteach (lena n-áirítear gnéithe TF), téigh chuig an Lámhleabhar ar

Ceapfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin coiste meastóireachta chun bainistíocht a dhéanamh ar an bpróiseas roghnúcháin iomlán. Ar bhonn an mheasúnaithe a dhéanann an coiste meastóireachta – más gá le tacaíocht ó shaineolaithe – roghnófar agus bunófar liosta de thionscadail atá beartaithe chun an deontas a dhámhachtain.

Maidir le gach gníomhaíocht a chumhdaítear leis an Treoir seo, le linn an phróisis meastóireachta, féadfar a iarraidh ar iarratasóirí faisnéis bhreise a sholáthar nó na doiciméid tacaíochta a cuireadh isteach mar chuid den iarratas a shoiléiriú, ar choinníoll nach n-athraítear an togra go substaintiúil mar thoradh ar an bhfaisnéis ná ar an soiléiriú sin. Bíonn údar ar leith le heolas agus soiléirithe breise i gcás earráidí cléireachais soiléire a bheith déanta ag an iarratasóir, nó sna cásanna sin – maidir le tionscadail a mhaoinítear trí chomhaontuithe iltairbhithé – ina bhfuil aon cheann amháin nó níos mó de shainorduithe na gcomhpháirtithe in easnamh (maidir le comhaontuithe iltairbhithé, féach an roinn ‘Comhaontú deontais’ thíos).

Cinneadh críochnaitheach

Ag deireadh an nós imeachta meastóireachta, déanann an Ghníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin cinneadh maidir leis na tionscadail ar a ndámhfar an deontas ar bhonn an méid seo a leanas:

- an liosta rangaithe arna moladh ag an gcoiste meastóireachta;
- an buiséad atá ar fáil d’aon Ghníomhaíocht ar leith (nó aon ghníomhaíocht ar leith laistigh de Ghníomhaíocht)

Tar éis dheireadh an nós imeachta meastóireachta, ní chuirtear comhaid an iarratais ná an t-ábhar a ghabhann leis ar ais chuig an iarratasóir, gan beann ar thoradh an nós imeachta.

Torthaí a fhógairt

Cuirfear na hiarratasóirí uile ar an eolas faoi thoradh na meastóireachta trí litir maidir le toradh na meastóireachta. Sa litir beidh níos mó teoracha faoi na chéad chéimeanna eile sa phróiseas i dtreo shíniú an chomhaontaithe deontais.

Le haghaidh gníomhaíochtaí a bhainistíonn an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin:

Iarratais rathúla, tabharfar cuireadh dóibh le haghaidh ullmhú deontais; cuirfear cinn eile ar an liosta ionadaithe nó diúltófar dóibh. Ní gealltanais foirmiúil cistiúcháin atá i gceist le cuireadh le haghaidh ullmhú deontais. Beidh seiceálacha dlí éagsúla le déanamh ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin go fóill roimh dheontas a dhámhachtain: bailíochtú eintitis dhlítheanaigh, acmhainn airgeadais, seiceáil eisiaimh, srl. An tráth sin, iarrfar ar iarratasóirí sonraí airgeadais a n-eagraíochta a chur isteach agus ionadaí a cheapadh.

Má chreideann an t-iarratasóir go raibh locht ar an nós imeachta meastóireachta, is féidir leis/léi gearán a chur isteach (de réir na sprioc-amanna agus na nósanna imeachta a leagtar amach sa litir fógra ar thoradh na meastóireachta). Tabhair faoi deara, maidir le fógraí nár osclaíodh laistigh de 10 lá tar éis an tseolta, go meastar go bhfuarthas rochtain orthu agus go ndéanfar sprioc-amanna a áireamh ón oscailt/rochtain (féach freisin Téarmaí agus Coinníollacha na Tairsí Cistiúcháin agus Tairiscintí: https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/docs/2021-2027/common/ftp/tc_en.pdf). Tabhair faoi deara freisin go mb’fhéidir go mbeidh teorainneacha carachtair ann chun gearáin a chur isteach go leictreonach.

Amlíne tháscach chun fógra a thabhairt maidir leis an gcinneadh chun deontas a dhámhachtain agus an comhaontú deontais a shíniú:

I gcás thionscadail Phríomhghníomhaíocht 1 a bhainistíonn Gníomhaireachtaí Náisiúnta Erasmus+, tabharfar fógra maidir leis an gcinneadh dámhachtana agus síniú an chomhaontaithe deontais, go táscach, 4 mhí tar éis an sprioc- am chun iarratas a chur isteach.

I gcás thionscadail Phríomhghníomhaíocht 2 a bhainistíonn Gníomhaireachtaí Náisiúnta Erasmus+, tabharfar fógra maidir leis an gcinneadh dámhachtana agus síniú an chomhaontaithe deontais, go táscach, 5 mhí tar éis an sprioc- am chun iarratas a chur isteach.

I gcás thionscadail Phríomhghníomhaíocht 2 agus Phríomhghníomhaíocht 3 a bhainistíonn an Gníomhaireacht Náisiúnta, tabharfar fógra maidir leis an gcinneadh dámhachtana, go táscach, 6 mhí tar éis an sprioc- am chun iarratas a chur isteach agus síniú an deontais comhaontaithe, go táscach, 9 mí ón sprioc- am chun iarratas a chur isteach.

CÉARD A THARLAÍONN NUAIR A FHORMHEASTAR AN T- IARRATAS?

Comhaontú deontais

Má roghnaítear an tionscadal le haghaidh deontas ón Aontas Eorpach faoi Erasmus+:

- sínítear comhaontú deontais idir an Gníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin agus an t-iarratasóir. Gheobhaidh an t-iarratasóir an comhaontú deontais, lena shíniú agus lena chur ar ais chuig an nGníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin; tá an Gníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin ar an bpáirtí deiridh le síniú. Nuair a bheidh an deontas sínithe ag an dá pháirtí, tiocfaidh an t-iarratasóir chun bheith ina thairbhí de dheontas ón Aontas agus is féidir leis an tionscadal a thosú³²⁹.

Féadfaidh comhaontuithe deontais a bheith i bhfoirm comhaontuithe aon tairbhe amháin, inarb é an t-iarratasóir an tairbhí aonair, nó comhaontuithe iltairbhith, ina dtagann eagraíochtaí comhpháirtíochta uile an chuibhreannais chun bheith ina dtairbhith den chomhaontú. An comhordaitheoir a shíníonn an comhaontú iltairbhith, agus is é an comhordaitheoir sin an pointe teagmhála aonair don Gníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin. Mar sin féin, síníonn gach eagraíocht eile atá rannpháirteach i dtionscadal (comhthairbhith) sainordú chun an fhreagracht a bhronnadh ar an gcomhordaitheoir gníomhú mar an príomhthairbhí. Mar riail ghinearálta, ba cheart sainorduithe gach comhpháirtí a sholáthar ag céim an iarratais. Má sholáthraítear na sainorduithe sin ina dhiaidh sin, ní mór iad a chur ar fáil faoin tráth a shínítear an comhaontú deontais ar a dhéanaí.

Nóta bene: Ní gá sainorduithe a bheith ag eagraíochtaí comhpháirtíochta i dtíortha seachas tír na heagraíochta is iarratasóra i gcás tionscadail soghluaisteachta le haghaidh mic léinn agus baill foirne ardoideachais, tionscadail soghluaisteachta le haghaidh foghlaimoirí agus baill foirne sa ghairmoideachas agus gairmoiliúint, tionscadail soghluaisteachta le haghaidh daltaí agus baill foirne in oideachas scoile, agus tionscadail soghluaisteachta le haghaidh baill foirne in oideachas aosach. Mar sin féin, éilítear ar eagraíochtaí is comhaltaí de chuibhreannais náisiúnta i réimsí an ardoideachais, an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, an oideachais scoile agus aosach, sainordú a sholáthar don eagraíocht is iarratasóir.

³²⁹ Féach an fonóta thuas.

Méid an deontais

Ní hionann glacadh le hiarratas agus gealltanas go ndámhfar maoiniú cothrom leis an méid a d'iarr an t-iarratasóir. Féadfar an maoiniú a iarradh a laghdú ar bhonn na rialacha airgeadais sonracha a bhaineann le Gníomhaíocht ar leith.

I gcás ina ndámhtar deontas i mbabhta roghnúcháin áirithe ní hionann é sin agus teidlíocht le haghaidh babhtaí ina dhiaidh sin. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur uasmhéid atá i méid an deontais a fhoráiltear sa chomhaontú agus nach féidir é a mhéadú, fiú má iarrann an tairbhí méid níos mó.

Ní mór na cistí arna n-aistriú ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin nó ag an nGníomhaireacht Náisiúnta a shainaithint laistigh den chuntas nó den fhochuntas a léirigh an tairbhí le haghaidh íocaíocht an deontais.

Nósanna imeachta íocaíochta

De réir an chineáil Gníomhaíochta, fhad an chomhaontaithe deontais agus an mheasúnúcháin ar an riosca airgeadais, tá tionscadail a dtacaítear leo faoin gClár Erasmus+ faoi réir nósanna imeachta íocaíochta éagsúla.

Ach amháin i gcás na chéad íocaíochta réamh-mhaoiniúcháin, déanfar íocaíochtaí nó gnóthuithe eile ar bhonn na hanailíse ar thuarascálacha nó ar iarrataí íocaíochta a bheidh curtha isteach ag an tairbhí (foilseofar teimpléid na ndoiciméad sin le linn na bliana ar shuíomhanna gréasáin na nGníomhaireachtaí Náisiúnta nó sa Tairseach Cistiúcháin agus Tairisceana le haghaidh na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin).

Tá tuairisc anseo thíos ar na nósanna imeachta íocaíochta a chuirtear chun feidhme faoi Erasmus+.

Íocaíocht réamh-mhaoiniúcháin

Aistrefar íocaíocht réamh-mhaoiniúcháin chuig an tairbhí laistigh de 30 lá tar éis an dáta a shíníonn an páirtí deiridh den dá pháirtí an comhaontú deontais ('teacht i bhfeidhm'), agus i gcás inarb ábhartha, a fhaightear aon ráthaíocht iomchuí (féach an roinn 'ráthaíocht airgeadais' thíos). Tá sé i gceist leis an réamh-mhaoiniú cúlchnap a chur ar fáil don tairbhí. Féadfaidh Gníomhaireachtaí Náisiúnta nó an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin an chéad íocaíocht réamh-mhaoiniúcháin a roinnt ina tráthchodanna. Féadfaidh siad a chinneadh freisin an réamh-mhaoiniú a laghdú nó gan aon réamh-mhaoiniú a íoc, más rud é go meastar nach bhfuil acmhainn airgeadais an tairbhí leordhóthanach.

Íocaíochtaí réamh-mhaoiniúcháin eile

Faoi Ghníomhaíochtaí áirithe, aistrefar an dara híocaíocht réamh-mhaoiniúcháin – agus an tríú híocaíocht i gcásanna áirithe – chuig an tairbhí laistigh de 60 lá féilire tar éis na hiarrataí ar íocaíochtaí réamh-mhaoiniúcháin breise arna gcur isteach ag an tairbhí a bheith faighte ag an nGníomhaireacht Náisiúnta nó ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin, ach ní dhéanfar sin ach amháin má tá tuarascáil réamh-mhaoiniúcháin ag gabháil leis an iarraidh ar íocaíocht réamh-mhaoiniúcháin bhreise. Féadfar na híocaíochtaí réamh-mhaoiniúcháin breise sin a iarraidh nuair a bheidh 70 % ar a laghad den íocaíocht réamh-mhaoiniúcháin roimhe sin caite. I gcás ina léirítear sa ráiteas maidir le húsáid na híocaíochta / na n-íocaíochtaí réamh-mhaoiniúcháin roimhe sin gur úsáideadh níos lú ná 70 % den íocaíocht nó de na híocaíochtaí réamh-mhaoiniúcháin roimhe sin chun costais na gníomhaíochta a chlúdach, déanfar méid an réamh-mhaoiniúcháin nua atá le hóc a laghdú de na méideanna nár úsáideadh den réamh-mhaoiniú roimhe sin.

Tuarascálacha eatramhacha nó tuarascálacha ar dhul chun cinn/tuarascálacha teicniúla

D'fhéadfaí iarraidh ar thairbhíthe tuarascáil thréimhsiúil nó eatramhach a chur isteach agus í ag gabháil leis an iarraidh ar íocaíocht eatramhach.

I gcásanna eile, féadfar a iarraidh ar thairbhíthe freisin tuarascáil ar dhul chun cinn a chur isteach chomh maith leis sin chun eolas a sholáthar ar staid chur chun feidhme an tionscadail. Níl tuarascálacha ar dhul chun cinn ina gcúis le híocaíocht bhreise. Ní mór na tuarascálacha eatramhacha agus na tuarascálacha ar dhul chun cinn a chur isteach faoin sprioc- am a léirítear sa chomhaontú deontais.

Íocaíocht nó gnóthú an iarmhéid

Déanfar méid na híocaíochta críochnaithí atá le híoc leis an tairbhí a bhunú ar bhonn tuarascáil chríochnaitheach atá le cur isteach faoin sprioc- am a léirítear sa chomhaontú deontais. Más rud é a) nach gcuirtear na himeachtaí lena ngintear an deontas chun feidhme nó go gcuirtear chun feidhme iad ar bhealach éagsúil ná mar a bhí beartaithe; nó b) gurb ísle na costais incháilithe a thabhaigh an tairbhí iarbhir ná na costais a bhí beartaithe ag céim an iarratais, nó c) nach bhfuil cáilíocht na ngníomhaíochtaí/na n-aschur a rinneadh ard go leor, féadfar an maoiniú a laghdú go comhréireach nó, i gcás inarb infheidhme, éileofar ar an tairbhí aon mhéid breise a fuarthas cheana mar íocaíocht réamh- mhaoiniúcháin a aisíoc.

Faoi Ghníomhaíochtaí áirithe, aistríonn an Ghníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin 100 % den deontas a dámhadh trí na tráthchodanna réamh- mhaoiniúcháin. Sna cásanna sin, níl íocaíocht an iarmhéid dlite. Mar sin féin, más rud é – ar bhonn tuarascáil deiridh atá le cur isteach ag an tairbhí faoin sprioc- am a léirítear sa chomhaontú deontais – a) nach gcuirtear chun feidhme na himeachtaí lena ngintear an deontas nó go gcuirtear chun feidhme iad ar bhealach atá éagsúil lena beartaíodh; nó b) gurb ísle na costais incháilithe a thabhaigh an tairbhí iarbhir ná na costais a bhí beartaithe ag céim an iarratais, nó c) nach bhfuil cáilíocht na ngníomhaíochtaí/na n-aschur a rinneadh ard go leor, éileofar ar an tairbhí aon mhéid breise a fuarthas cheana mar íocaíocht réamh- mhaoiniúcháin a aisíoc.

Íocaíochtaí réamh- mhaoiniúcháin (nó cuid díobh) féadfar iad a fhritháireamh (gan toiliú na dtairbhíthe) in aghaidh méideanna atá dlite ag tairbhí don údarás deonúcháin – suas leis an méid atá dlite don tairbhí sin.

Mar riail ghinearálta, eiseofar an íocaíocht deiridh nó an iarraidh ar ghnóthú an iarmhéid laistigh de 60 lá féilire tar éis dháta fála na tuarascála deiridh.

FORÁLACHA CONARTHACHA TÁBHACHTACHA EILE

Ráthaíocht airgeadais

Má mheastar nach leor an acmhainn airgeadais, féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin a éileamh ar aon tairbhí ar ar dámhadh deontas is mó ná EUR 60 000 ráthaíocht a thaisceadh roimh ré chun na rioscaí airgeadais a bhaineann leis an íocaíocht réamh- mhaoiniúcháin a theorannú. Féadfar an ráthaíocht sin a iarraidh le haghaidh suas leis an méid céanna den íocaíocht nó de na híocaíochtaí réamh- mhaoiniúcháin.

Is é is cuspóir don ráthaíocht sin ceangal a chur ar bhanc nó institiúid airgeadais gníomhú mar urrús comhthaobhach neamh- inchúlghairthe nó mar ráthóir céadéilimh d'oibleagáidí an tairbhí a eascraíonn as an gcomhaontú deontais.

Banc formheasta nó institiúid airgeadais fhorhmeasta atá bunaithe i mBallstát den Aontas Eorpach a sholáthróidh an ráthaíocht airgeadais sin, in euro. I gcás ina bhfuil an tairbhí bunaithe i dtír nach tír de chuid an Aontais í, féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin a chomhaontú go soláthróidh banc nó institiúid airgeadais atá bunaithe sa tír sin an ráthaíocht, má mheasann sí go soláthraíonn an banc nó an institiúid airgeadais slándáil airgeadais choibhéiseach agus saintréithe coibhéiseacha leo sin a soláthraítear i mBallstát san Aontas.

Féadfar ráthaíocht chomhpháirteach tríú páirtí, nó roinnt ráthaíochtaí tríú páirtí ó na heagraíochtaí rannpháirteacha ar páirtithe den chomhaontú deontais céanna iad, a chur in ionad na ráthaíochta sin.

Déanfar an ráthaíocht a scaoileadh nuair a dhéanfar an réamh-mhaoiniú a ghlanadh de réir a chéile in aghaidh íocaíocht eatramhach nó íocaíocht an iarmhéid leis an tairbhí, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa chomhaontú deontais. I gcás ina bhfuil íocaíocht an iarmhéid i bhfoirm gnóthaithe, scaoilfear an ráthaíocht tar éis fógra a thabhairt don tairbhí nó leanfaidh sí de bheith i bhfeidhm go sainráite go dtí an íocaíocht chríochnaitheach agus, más i bhfoirm gnóthaithe atá an íocaíocht chríochnaitheach, go dtí 3 mhí tar éis fógra a bheith tugtha do thairbhí faoin nóta dochair.

Fochonraitheoireacht agus dámhachtain conartha soláthair

Féadfaidh an tairbhí dul i muinín fochonraitheoireachta le haghaidh seirbhísí teicniúla sonracha, ar chuid de chúraimí na gníomhaíochta iad agus a éilíonn scileanna speisialaithe (scileanna a bhaineann le réimsí dlí, cuntasáíochta, cánach, acmhainní daonna, TF, srl.) nó conarthaí cur chun feidhme. Dá bhrí sin, féadfar na costais a thabhaíonn an tairbhí le haghaidh an chineáil sin seirbhísí a mheas mar chostais incháilithe ar an gcoinníoll go gcomhlíonann siad na critéir uile eile a thuairiscítear sa chomhaontú deontais.

I gcás ina n-éilítear soláthar earraí, oibreacha nó seirbhísí (conradh) le cur chun feidhme an tionscadail, ní mór do thairbhíthe an conradh a dhámhachtain ar an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch is é sin, an tairiscint lena mbaineann an luach is fearr ar airgead, nó, de réir mar is iomchuí an tairiscint lena mbaineann an praghas is ísle, agus a áirithiú nach bhfuil aon choinbhleacht leasa ann agus go gcoinnítear an doiciméadacht i gcás iniúchadh.

I gcás conradh cur chun feidhme ar mó a luach ná EUR 60 000, féadfaidh an Gníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin rialacha speisialta a fhorchur ar an tairbhí, i dteannta na rialacha dá dtagraítear sa mhír roimhe sin. D'fhoilseofaí na rialacha speisialta sin ar shuíomhanna gréasáin na nGníomhaireachtaí Náisiúnta agus na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin.

Faisnéis ar na deontais a dhámhtar

I gcomhréir le prionsabal na trédhearcachta agus leis an gceanglas maidir le poiblíocht ex-post, ní mór faisnéis ar fhaighteoirí na gcistí ón Aontas a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, Gníomhaireachta Feidhmiúcháin agus/nó na nGníomhaireachtaí Náisiúnta le linn an chéad leath den bhliain tar éis dheireadh na bliana airgeadais dár dámhadh iad.

Féadfar an fhaisnéis a fhoilsiú freisin ar aon mheán iomchuí eile, lena n-áirítear Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Foilseoidh na Gníomhaireachtaí Náisiúnta agus an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin an fhaisnéis seo a leanas:

- ainm agus ceantar an tairbhí;
- méid an deontais a dámhadh;
- cineál agus cuspóir na dámhachtana.

Ach iarraidh réasúnaithe agus chuí- réasúnaithe a fháil ón tairbhí, déanfar an foilsiú a tharscaoileadh i gcás inar baol nochtadh na faisnéise sin do chearta agus saoirsí na ndaoine lena mbaineann, mar a chosnaítear le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, nó i gcás ina ndéanann sé dochar do leasa tráchtála na dtairbhíthe.

Maidir le sonraí pearsanta lena dtagraítear do dhaoine nádúrtha, bainfear an fhaisnéis fhoilsithe 2 bhliain tar éis dheireadh na bliana airgeadais inar dámhadh na cistí.

Beidh an rud céanna i bhfeidhm maidir le sonraí pearsanta a léirítear i dteidil oifigiúla daoine dlítheanacha (mar shampla comhlachas nó cuideachta a bhfuil ainmneacha na mbunaitheoirí mar theideal air).

Ní fhoilseofar an fhaisnéis sin i gcás scoláireachtaí a íoctar le daoine nádúrtha agus tacaíocht dhíreach eile a íoctar le daoine nádúrtha is mó atá ina gátar (dídeanaithe agus daoine dífhostaithe). Anuas air sin, ní údaraítear na heagraíochtaí is tairbhí chun an cineál sin faisnéise a fhoilsiú i ndáil le daoine a fhaigheann deontas soghluaisteachta faoi Erasmus+.

Poiblíocht

Amach ó na ceanglais maidir le hinfheictheacht an tionscadail agus le haghaidh chomhroinnt thorthaí an tionscadail agus thionchar an tionscadail (ar critéir dhámhachtana iad), tá oibleagáid maidir le poiblíocht íosta i bhfeidhm le haghaidh gach tionscadail dá dtugtar deontas.

Ní mór do thairbhíthe aitheantas a thabhairt do thacaíocht an Aontais Eorpaigh i ngach cumarsáid nó foilseachán, i cibé foirm nó i cibé meán, lena n-áirítear an t-idirlíon, nó ar tharlú na ngníomhaíochtaí dá n-úsáidtear an deontas.

Ní mór an méid sin a dhéanamh de réir na bhforálacha a áirítear sa chomhaontú deontais. Féadfar deontas an tairbhí a laghdú mura gcomhlíontar na forálacha sin ina n-iomláine.

Seiceálacha agus iniúchtaí

Féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin agus/nó an Coimisiún Eorpach seiceálacha agus iniúchtaí teicniúla agus airgeadais a dhéanamh i ndáil le húsáid an deontais. Féadfaidh siad taifid reachtúla an tairbhí (nó an chomhthairbhí) a sheiceáil freisin chun críche measúnuithe tréimhsiúla ar mhaoiniú cnapshuime, maoiniú costas aonaid, nó maoiniú ar ráta comhréidh. Geallfaidh an tairbhí (nó an comhthairbhí), le síniú a ionadaí dhlíthiúil, cruthúnas a chur ar fáil gur úsáideadh an deontas i gceart. Féadfaidh an Coimisiún Eorpach, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin, Gníomhaireachtaí Náisiúnta agus/nó Cúirt Iniúcháirí na hEorpa, OLAF, EPPO nó comhlacht atá sainordaithe acu, seiceáil a dhéanamh ar an úsáid a baineadh as an deontas aon tráth suas le 5 bliana, nó suas le 3 bliana maidir le deontais nach mó ná EUR 60 000, dar tosach an dáta a íocann an Ghníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin an t-iarmhéid nó an dáta a fhorghníomhaíonn sí an gnóthú. Dá bhrí sin, coimeádfaidh na tairbhíthe taifid, doiciméid tacaíochta bhunaidh, taifid staidrimh agus doiciméid eile a bhaineann leis an deontas i rith na tréimhse sin.

Maidir le tionscadail atá bainistithe go díreach ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin EACEA, féadfar cineálacha éagsúla próiseas iniúcháireachta a chur i bhfeidhm de réir an chineáil Gníomhaíochta lena mbaineann, mhéid an deontais a dhámhtar agus fhoirm an deontais.

Tá tuairisc ar na forálacha mionsonraithe a bhaineann le seiceálacha agus iniúchtaí sa chomhaontú deontais.

Cosaint sonraí

Na sonraí pearsanta a chuimsítear san fhoirm iarratais nó sa chomhaontú/chinneadh deontais, próiseálfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin, nó an Coimisiún Eorpach iad i gcomhréir le:

- Le haghaidh na próiseála uile a éilítear le haon treoraíocht nó treoir oifigiúil ón gCoimisiún Eorpach nó is gá chun Clár Erasmus+ a chur chun feidhme: Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018[1] maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaisteacht sonraí den sórt sin,

agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (Téacs atá ábhartha maidir le LEE);

- Le haghaidh na próiseála uile chun críoch eile, nach n-éilítear le haon treo ná treo oifigiúil ón gCoimisiún Eorpach ná nach gá chun an Clár Erasmus+ a chur chun feidhme:
 - an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS nó Rialachán 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016[2]) le haghaidh an mhéid seo a leanas:
 - na sonraí pearsanta uile atá próiseáilte ag rialaitheoir nó próiseálaí san Aontas/in LEE;
 - na sonraí pearsanta uile maidir le hábhair sonraí atá san Aontas/in LEE i dtús na próiseála;
 - an reachtaíocht náisiúnta maidir le cosaint sonraí le haghaidh na próiseála uile eile.

Sna cásanna sin, cuirfear an t-eintiteas a dhéanann cinneadh maidir le meáin agus críocha na próiseála le haghaidh na gcríoch eile sin in ionad an Choimisiúin Eorpaigh mar Rialaitheoir Sonraí faoina reachtaíocht is infheidhme maidir le cosaint sonraí.

Mura léirítear gur ceisteanna roghnacha iad, tá freagraí an iarratasóra ar na ceisteanna san fhoirm iarratais riachtanach chun meastóireacht agus próiseáil bhreise a dhéanamh ar an iarratas ar dheontas i gcomhréir leis an Treoirleabhar Erasmus+. Déanfaidh an roinn nó an tAonad atá freagrach as an gclár deontais lena mbaineann de chuid an Aontais (eintiteas ag gníomhú mar rialaitheoir sonraí) sonraí pearsanta a phróiseáil chun na críche sin agus chun na críche sin amháin. Féadfar sonraí pearsanta a aistriú ar bhonn riachtanais amháin chuig tríú páirtithe atá páirteach sa mheastóireacht ar iarratais nó sa nós imeachta bainistithe deontas, gan dochar d'aistriú chuig na comhlachtaí atá i gceannas ar chúraimí monatóireachta agus iniúchóireachta i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh nó chuig comhlachtaí a bhfuil sainordú acu meastóireachtaí a dhéanamh ar an gClár nó ar aon cheann dá Ghníomhaíochtaí. Go háirithe, chun críocha leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, féadfar sonraí pearsanta a chur chuig na seirbhísí iniúchóireachta inmheánacha, chuig Cúirt Iniúcháirí na hEorpa, chuig an bPainéal um Neamhrialtachtaí Airgeadais nó chuig an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise agus idir oifigigh údarúcháin de chuid an Choimisiúin agus na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin. Beidh ceart rochtana ag an iarratasóir ar a s(h)onraí pearsanta agus beidh an ceart aige nó aici na sonraí sin a cheartú. Má bhíonn ceisteanna ag an iarratasóir maidir le próiseáil a s(h)onraí pearsanta, cuirfidh sé/sí na ceisteanna sin ar an nGníomhaireacht a roghnaigh an tionscadal. I gcás coinbhleachtaí; tá ceart cúlraigh ag an iarratasóir freisin tráth ar bith chuig an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.

Maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoin gClár Erasmus+, tá ráiteas príobháideachais mionsonraithe, lena n-áirítear faisnéis teagmhála, le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin agus na Ghníomhaireachta Feidhmiúcháin: https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/help/erasmus-and-data-protection_en

Le haghaidh gníomhaíochtaí a bhainistíonn EACEA: https://ec.europa.eu/research/participants/data/support/legal_notice/h2020-ssps-grants-sedia_en.pdf

Cuirfidh an t-iarratasóir na daoine aonair a bhfuil a sonraí pearsanta sa togra ar an eolas faoin ráiteas príobháideachais ábhartha mar a léirítear thuas, sula gcuireann sé a thograí isteach.

Faoi chuimsiú gníomhaíochtaí arna mbainistiú ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin, cuirtear in iúl d'iarratasóirí – agus, más eintitis dhlítheanacha iad, daoine ar comhaltaí iad de chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta an iarratasóra sin nó a bhfuil cumhachtaí ionadaíochta, cinnteoireachta nó rialaithe acu maidir leis an iarratasóir sin, nó daoine nádúrtha nó dlítheanacha a ghlacann dlítheanas neamhtheoranta i leith fhiacha an iarratasóra sin – go bhféadfaidh Oifigeach Údarúcháin na Ghníomhaireachta a sonraí pearsanta (ainm, céadainm más duine nádúrtha é, seoladh, foirm dhlíthiúil agus ainm agus céadainm na ndaoine ag a bhfuil cumhachtaí ionadaíochta, cinnteoireachta nó rialaithe, más duine dlítheanach é) a chlárú sa Chóras Luathbhraite agus Eisiamh (EDES), más rud é go bhfuil siad in aon cheann de na cásanna a luaitear i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.

CUID D – GLUAIS TÉARMAÍ

Tugtar sainmhínithe sa roinn seo ar phríomhchoincheapa agus ar théarmaí a bhaineann leis an gclár Erasmus+ a úsáidtear go coiteann. Tá an ghluais roinnte ina ranna in ord aibítre, lena gcumhdaítear téarmaíocht choiteann agus bloic shonracha ina bhfuil coincheapa nach mbaineann ach le hearnáil ar leith.

Téarmaí coitianta

Duine tionlacain	Duine a ghabhann le rannpháirtithe (foghlaimoirí, baill foirne, daoine óga nó oibrithe don ógra) i ngníomhaíocht soghluaisteachta chun a sábháilteacht a chinntiú, tacaíocht agus cúnamh a sholáthar dóibh, agus chun cuidiú le foghlaim éifeachtach an rannpháirtí le linn an eispéiris soghluaisteachta. I ngníomhaíochtaí aonair, féadfaidh duine tionlacain gabháil le rannpháirtithe ag a bhfuil deiseanna níos lú nó mionaoisigh agus daoine óga nach bhfuil mórán taithí acu lasmuigh dá dtír féin. I gcás gníomhaíochtaí grúpa i réimse an oideachais agus na hoiliúna, ní mór do bhaill foirne oideachais cháilithe gabháil leis an ngrúpa chun an próiseas foghlama a éascú.
Creidiúnú	Próiseas lena n-áiríthítear go gcomhlíonann na heagraíochtaí ar mian leo maoiniú a fháil faoi ghníomhaíocht den chlár Erasmus+ sraith caighdeán nó réamhriachtanas cáilíochtúil atá leagtha síos ag an gCoimisiún Eorpach don Ghníomhaíocht sin.
Eintiteas cleamhnaithe	Féadfar iad seo a leanas a mheas mar Eintitis Chleamhnaithe (i gcomhréir le hAirteagal 187 den Rialachán Airgeadais): - eintitis dhlítheanacha a bhfuil nasc dlíthiúil nó nasc caipitil acu le tairbhíthe; níl an nasc sin teoranta don ghníomhaíocht ná níor bunaíodh é chun í a chur chun feidhme amháin; - roinnt eintiteas a chomhlíonann na critéir le deontas a dhámhachtain dóibh agus gur eintiteas amháin iad arna dtógáil le chéile agus ar féidir déileáil leis an eintiteas sin mar an tairbhí aonair, lena n-áirítear i gcás inar bunaíodh an t-eintiteas go sonrach chun críche chur chun feidhme na gníomhaíochta. Ní mór do na hEintitis Chleamhnaithe na critéir maidir le hincháilitheacht agus neamheisiámh a chomhlíonadh agus, i gcás inarb infheidhme, na critéir roghnúcháin a bhaineann le hiarratasóirí freisin.
Iarratasóir	Aon eagraíocht rannpháirteach nó grúpa neamhfhoirmiúil daoine óga a chuireann isteach iarratas ar dheontas. Féadfaidh iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar bhonn aonair nó thar ceann eagraíochtaí eile atá páirteach sa tionscadal. Sa chás deiridh sin, sainítear an t-iarratasóir mar chomhordaitheoir freisin.

Sprioc- am le haghaidh iarratas	An dáta deiridh chun an fhoirm iarratais a chur isteach chuig an nGníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin le bheith incháilithe.
Comhpháirtithe comhlachaithe	Is comhpháirtithe iad ón earnáil phoiblí nó príobháideach a rannchuidíonn le cur chun feidhme cúraimí/gníomhaíochtaí tionscadail sonracha nó a thacaíonn le cur chun cinn agus inbhuanaitheacht an tionscadail, ach le haghaidh gnéithe bainistíochta conarthacha ní mheastar gur tairbhíthe iad, ná ní fhaigheann siad aon mhaoiniú ón gclár mar chuid den tionscadal (is amhlaidh nach bhfuil an ceart acu costais a ghearradh ná ranníocaíochtaí a éileamh).
Bunscileanna	An litearthacht, an mhatamaitic, an eolaíocht agus an teicneolaíocht; cuimsítear na scileanna sin sna príomhinniúlachtaí.
Tairbhí	Nuair a dhéantar tionscadal a fhorfhéas do dheontas Erasmus+, beidh an eagraíocht is iarrthóir ina tairbhí tar éis di Conradh a shíniú leis an nGníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin a roghnaigh an tionscadal. Má rinneadh an t-iarratas thar ceann eagraíochtaí rannpháirteacha eile, féadfaidh na comhpháirtithe a bheith ina gcomhthairbhíthe den deontas.
Soghluaisteacht cumaisc	Meascán de shoghluaisteacht fhisiceach agus comhpháirt fhíoriúil lena n-éascaítear malartú/obair bhuíne foghlama comhoibríche ar líne.
Glaao ar thograí	Cuireadh a fhoilsíonn an Coimisiún nó a fhoilsítear thar a cheann chun togra le haghaidh gníomhaíochta a chur i láthair, roimh sprioc- am áirithe, a chomhfhreagraíonn do na cuspóirí atá le saothrú agus a chomhlíonann na coinníollacha riachtanacha. Foilsítear glaonna ar thograí in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (sraith C) agus/nó ar láithreáin ghréasáin ábhartha de chuid an Choimisiúin nó na Gníomhaireachta Náisiúnta nó Feidhmiúcháin.
Deimhniú rannpháirtíochta	I gcomhthéacs Erasmus+, is doiciméad é seo a eisítear d'aon duine a chríochnaigh gníomhaíocht foghlama i réimse an oideachais, na hoiliúna agus na hóige, i gcás inarb infheidhme. Deimhnítear leis gur fhreastail an rannpháirtí ar an ngníomhaíocht agus, i gcás inarb infheidhme, a thorthaí foghlama.
Earráid chléireachais	Mionbhotún nó neamhaire a dhéantar de thaisme i ndoiciméad lena n-athraítear a chiall, amhail earráid chló nó focal, frása nó fíor a chur isteach nó a fhágáil ar lár de thaisme.
Cómhaoiniú	An prionsabal faoinar gá don tairbhí cuid de chostais tionscadail a dtacaíonn an tAontas Eorpach leis a iompar, nó faoinar gá cuid de na costais a íoc trí ranníocaíochtaí seachtracha seachas an deontas ón Aontas.
Cuideachta	Daoine dlítheanacha a bhunaítear faoin dlí sibhialta nó tráchtála, lena n-áirítear comharchumainn, agus daoine dlítheanacha eile a rialaítear leis an dlí poiblí nó príobháideach, ach amháin iad sin atá neamhbhrabúsach.
Cuibhreannas	Dhá eagraíocht rannpháirteacha nó níos mó a thagann le chéile chun tionscadal nó gníomhaíocht laistigh de thionscadal a ullmhú, a chur chun feidhme agus a leanúint. Féadfaidh cuibhreannas a bheith náisiúnta (is é sin, lena mbaineann eagraíochtaí atá bunaithe sa tír chéanna) nó idirnáisiúnta (lena mbaineann eagraíochtaí rannpháirteacha ó thíortha éagsúla).

Europass	Le ardán Europass ar líne, gníomhaíocht de chuid an Chláir Oibre Eorpaigh do Scileanna, soláthraítear uirlisí gréasán-bhunaithe agus faisnéis do dhaoine aonair agus d’eagraíochtaí maidir le deiseanna foghlama, creataí cáilíochtaí agus cáilíochtaí, treoraíocht, faisnéis scileanna, uirlisí féinmheasúnaithe agus doiciméadacht scileanna agus cáilíochtaí, agus nascacht le deiseanna foghlama agus fostaíochta. Leis an ardán Europass tairgtear uirlisí agus bogearraí freisin chun tacú le dintiúir atá sínithe go digiteach, mar a fhógraítear sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach, trí Dhintiúir Dhigiteacha Eorpacha le haghaidh Foghlama. Idirnascann an t-ardán le foinsí sonraí náisiúnta le haghaidh deiseanna foghlama agus bunachair sonraí nó cláir cáilíochtaí náisiúnta.
Eagraíochtaí neamhrialtasacha Eorpacha	Le haghaidh an chláir seo, is eagraíochtaí neamhrialtasacha iad sin a oibríonn trí struchtúr a aithnítear go foirmiúil agus atá comhdhéanta de chomhlacht/rúnaíocht Eorpach atá lonnaithe go dlíthiúil ar feadh bliana ar a laghad i mBallstát den Aontas nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár agus d’eagraíochtaí/bhrainsí náisiúnta i naoi mBallstát den Aontas agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Ní mór an méid seo a leanas a bheith amhlaidh maidir leis na heagraíochtaí/brainsí náisiúnta sin: • ní mór nasc reachtúil cruthaithe³³⁰ a bheith acu leis an gcomhlacht/rúnaíocht Eorpach; • ní mór dóibh a bheith gníomhach i réimse an oideachais, na hoiliúna nó na hóige;
Iarratasóir céaduaire	Aon eagraíocht nó institiúid nach bhfuair tacaíocht roimhe sin mar chomhordaitheoir tionscadail (iarratasóir) faoi chineál gníomhaíochta ar leith lena dtugtar tacaíocht leis an gclár seo nó leis an gclár roimhe sin sna 7 mbliana deireanacha.
Force majeure	Staid nó teagmhas eisceachtúil nach féidir a thuar nach bhfuil aon neart ag an rannpháirtí air agus nach bhfuil inchurtha i leith aon earráide nó faillí uaidh/uaithi.
Scileanna glasa	Scileanna atá bunúsach le haghaidh an aistrithe chuig geilleagar ísealcharbóin, a fhéadfaidh a bheith ginearálta amhail talmhaíocht inbhuanaithe, cosaint ithreach, úsáid fuinnimh agus laghdú dramhaíola, nó níos teicniúla amhail eolas maidir le fuinneamh in-athnuaite.
Taisteal glas	taisteal a úsáideann modh iompair íseal-astaíochtaí le haghaidh na príomhchoda den taisteal, mar shampla bus, traein nó comhroinnt gluaisteán.
Oideachas neamhfhoirmiúil	Foghlaim mar thoradh ar ghníomhaíochtaí laethúla nach bhfuil eagraithe nó struchtúrtha i dtéarmaí cuspóirí, ama nó tacaíocht foghlama; d’fhéadfadh sé a bheith neamhbheartaithe ó thaobh an fhoghlaimora de.

³³⁰ A shainmhínítear faoin téarma ‘nasc cruthaithe’ sa Ghluais seo.

Idirnáisiúnta	I gcomhthéacs Erasmus+, baineann ‘idirnáisiúnta’ le haon ghníomhaíocht lena ngabhfaidh aon Bhallstát amháin den Aontas nó aon tír amháin nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár, ar a laghad, agus aon tír amháin ar a laghad nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár.
Scáthfhoghlaím	Tréimhse a chaitheamh in eagraíocht chomhpháirtíochta i dtír eile agus é mar aidhm leis oiliúint a fháil trí chleachtóirí a leanúint ina gcuid oibre laethúla san ósteagraíocht, dea-chleachtais a mhalartú, scileanna agus eolas a shealbhu agus/nó comhpháirtíochtaí fadtéarmacha a fhorbairt trí bhreathnóireacht rannpháirteach.
Príomhinniúlachtaí	An tacar bunúsach sin d'eolas, de scileanna agus de mheonta a theastaíonn ó gach duine ar mhaithe le féinchomhlíonadh agus féinfhorbairt, saoránacht ghníomhach, cuimsiú sóisialta agus fostaíocht, mar a thugtar tuairisc air i Moladh 2018/C 189/01 ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 maidir le príomhinniúlachtaí d'fhoghlaím ar feadh an tsaoil.
Soghluaisteacht foghlama	Ag bogadh go fisiciúil go tír eile nach í an tír chónaithe í d'fhonn staidéar, oiliúint nó foghlaim sheachfhoirmiúil nó neamhfhoirmiúil a ghabháil ar láimh.
Torthaí foghlama	Ráitis ar a bhfuil ar eolas ag an rannpháirtí, ar an tuiscint atá aige, agus ar a bhfuil ar a chumas a dhéanamh ar chur i gcrích próisis foghlama, a shainmhínítear i dtéarmaí eolais, scileanna agus inniúlachta.
Eintiteas dlítheanach	Duine nádúrtha nó duine dlítheanach a bunaíodh mar eintiteas dlítheanach agus a aithnítear amhlaidh faoin dlí náisiúnta, dlí an Aontais nó dlí idirnáisiúnta, a bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige agus a fhéadfaidh, ag gníomhú dó ina ainm féin, cearta a fheidhmiú agus a bheith faoi réir oibleagáidí, nó eintiteas nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige faoi mar a thagraítear dó i bpointe (c) d'Airteagal 197(2) den Rialachán Airgeadais.
Ionadaí Ceaptha Eintiteas Dlítheanach (LEAR)	Maidir le gníomhaíocht a bhainistíonn an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr, i gcomhthráth le bailíochtú eagraíochta i gClár na Rannpháirtithe, ní mór dá hionadaí dlíthiúil/dá hionadaithe dlíthiúla ionadaí Ceaptha ag Eintiteas Dlítheanach (LEAR) a ainmniú. Tá ríthábhacht le ról LEAR: nuair atá sé bailíochtaithe ag an gCoimisiún, beidh LEAR údaraithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh: • an t-eolas dlíthiúil agus airgeadais faoin eagraíocht a bhainistiú • cearta rochtana daoine san eagraíocht a bhainistiú (seachas ar leibhéal an tionscadail) • ionadaithe den eagraíocht a cheapadh chun comhaontuithe deontais a shíniú go leictreonach ('Sínitheoirí Dlíthiúla' - LSIGN) nó ráitis airgeadais ('Sínitheoirí Airgeadais' - FSIGN) tríd an Tairseach Cistiúcháin agus Tairiscintí. Tugtar soiléiriú ar na céimeanna uile le haghaidh an bhailíochtaithe LEAR sa Tairseach Cistiúcháin agus Tairiscintí.
Eagraíocht ag a bhfuil níos lú taithí	Aon eagraíocht rannpháirteach nach bhfuair tacaíocht i gcineál gníomhaíochta ar leith dá dtugtar tacaíocht leis an gClár seo nó leis an gClár roimhe sin breis agus dhá uair sna 7 mbliana deireanacha. Áirítear sa chatagóir seo an chatagóir 'iarratasóirí céaduaire' mar a shainmhínítear thuas.

Foghlaim ar feadh an tsaoil	Foghlaim i ngach foirm, bíodh sí foirmiúil, seachfhoirmiúil nó neamhfhoirmiúil a tharlaíonn ag gach céim den saol agus as a dtagann feabhas nó nuashonrú ar eolas, scileanna, inniúlachtaí agus dearcthaí nó rannpháirtíocht sa tsochaí ó thaobh pearsanta, sibhialta, cultúrtha, sóisialta nó atá bainteach le fostaíocht, lena n-áirítear seirbhísí comhairliúcháin agus treorach a chur ar fáil; cuimsítear leis sin oideachas agus cúram na luath-óige, oideachas ginearálta, gairmoideachas agus gairmoiliúint, ardoideachas, oideachas aosach, obair óige agus suíomhanna foghlama eile a tharlaíonn lasmuigh d'oideachas agus d'oiliúint fhoirmiúil agus go hiondúil cuireann sé comhar trasearnála agus conair foghlama solúbtha chun cinn.
Eagraíocht is nuatheachtaí	Aon eagraíocht nó institiúid nach bhfuair tacaíocht roimhe sin i gcineál gníomhaíochta ar leith dá dtugtar tacaíocht leis an gclár seo nó leis an gclár roimhe sin mar chomhordaitheoir nó comhpháirtí.
Micridhintiúr	Is éard is micridhintiúr ann cruthúnas ar thorthaí foghlama atá bainte amach ag foghlaimeoir tar éis taithí foghlama ghearr, de réir caighdeáin agus ceanglais thrédhearcacha agus tar éis measúnú. Tá an cruthúnas i ndoiciméad deimhnithe lena liostaítear ainm an tsealbhóra, na torthaí foghlama a baineadh amach, an modh measúnaithe, an comhlacht dámhachtana agus, i gcás inarb infheidhme, leibhéal an chreata cáilíochtaí agus na creidiúintí a baineadh amach. Is faoi úinéireacht an fhoghlaimeora atá micridhintiúr, tá siad in- chomhroinnte, iniompartha agus is féidir iad a chur le chéile i ndintiúir níos mó nó cáilíochtaí.
Comhaontú foghlama	Comhaontú idir an eagraíocht seolta agus óstach agus na daoine aonair atá rannpháirteach, lena sainítear aidhmeanna agus inneachar na tréimhse soghluaisteachta lena hábharthacht agus lena cáilíocht a áirithiú. Is féidir é a úsáid freisin mar bhonn don ósteagraíocht chun an tréimhse ar an gcoigríoch a aithint.
Mí	I gcomhthéacs an chlár Erasmus+ agus chun críche na deontais a ríomh, is ionann mí agus 30 lá.
MOOC	Seasann MOOC do 'Ollchúrsa Oscailte ar Líne', cineál cúrsa a sholáthraítear go hiomlán ar líne, atá oscailte do gach duine gan chostas, gan cáilíochtaí iontrála ná gan aon srian eile; is minic a bhíonn líon ard rannpháirtithe ag gabháil dóibh. D'fhéadfadh a bheith mar chuid de na cúrsaí comhpháirteanna a bhfreastalaíonn daoine orthu, mar shampla cruinnithe do rannpháirtithe áitiúla a spreagadh, agus measúnú foirmiúil, ach go hiondúil baintear úsáid as athbhreithniú píaraí, féinmheasúnú agus grádú uathoibrithe. Is iomaí cineál éagsúil MOOC atá ann, agus díríonn siad ar earnálacha, ar spriocghrúpaí (mar shampla béim ar ghairm, múinteoirí, srl.), nó ar modhanna teagaisc sonracha. Ní mór do MOOCanna a chistítear faoi Erasmus+ a bheith oscailte do chách, agus bíonn an rannpháirtíocht agus deimhniú nó suaitheantas comhlánaithe araon saor in aisce do rannpháirtithe. Baineann an ceanglas rochtana oscailte maidir le hacmhainní oideachais le MOOCanna agus le cúrsaí iomlána eile freisin.
An Ghníomhaireacht Náisiúnta	Comhlacht atá i gceannas ar chur chun feidhme an Chláir ar leibhéal náisiúnta i mBallstát nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Féadfaidh Gníomhaireacht Náisiúnta amháin nó níos mó a bheith i ngach tír.

Údarás Náisiúnta	Údarás atá i gceannas ar mhonatóireacht agus ar mhaoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht an Chláir ar leibhéal náisiúnta i mBallstát nó i dtír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Féadfaidh Údarás Náisiúnta amháin nó níos mó a bheith i ngach tír.
Foghlaim sheachfhoirmiúil	Foghlaim a dhéantar trí ghníomhaíochtaí foghlama pleanáilte agus a mbíonn tacaíocht foghlama de shaghas éigin i gceist léi, ach nach cuid í den chóras oideachais agus oiliúna foirmiúil.
Próifíl ghairme	An tacar scileanna, inniúlachtaí, eolais agus cáilíochtaí a bhíonn ábhartha le haghaidh gairm shonrach go hiondúil.
OID	Leis an Sainaitheantas Eagraíochta (OID) sainithnítear d'eagraíocht go huathúil i measc na n-eagraíochtaí uile atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí Erasmus+ agus i ngníomhaíochtaí de chuid an Chóir Dlíthpháirtíochta Eorpaigh a bhainistíonn Gníomhaireachtaí Náisiúnta. Is féidir leat OID d'eagraíochta a úsáid agus iarratas á dhéanamh ar chreidiúnú nó deontas faoi ghníomhaíochtaí Erasmus+ agus gníomhaíochtaí de chuid an Chóir Dlíthpháirtíochta Eorpaigh a bhainistíonn Gníomhaireachtaí Náisiúnta
Rochtain Oscailte	Coincheap ginearálta maidir le hábhair de chineál sonrach a fhoilsiú go hoscailte is é sin, ábhar a dheantar le bheith inrochtana agus inúsáidte ag an ngrúpa úsáideoirí is fairsinge agus is féidir agus sa líon is mó cásanna úsáide. Tá Ceanglas Rochtana Oscailte i bhfeidhm ag Erasmus+ maidir le hacmhainní oideachais, agus spreagtar rochtain oscailte ar thorthaí agus ar shonraí taighde.
Acmhainní Oscailte Oideachais (OER)	Ábhair oideachais d'aon chineál (mar shampla téacsleabhair, bileoga oibre, pleananna ceachta, físeáin teagaisc, cúrsaí iomlána ar líne, cluichí oideachasúla) ar féidir iad a úsáid, a oiriúnú agus a chomhroinnt gan srian. Faoi cheadúnas oscailte a cuireadh amach OERanna nó tá siad san fhearann poiblí (is é sin, tá an chosaint chóipchirt imithe in éag). Ní OERanna iad ábhair saor in aisce nach féidir leis an bpobal iad a oiriúnú ná a chomhroinnt.
Ceadúnas oscailte	Bealach do shealbhóirí cóipchirt (cruthaitheoirí agus sealbhóirí ceart eile) chun cead dlíthiúil a thabhairt don phobal i gcoitinne úsáid a bhaint as a saothar gan srian. Faoi Cheanglas Rochtana Oscailte Erasmus+, ní mór úsáid, oiriúnú agus scaipeadh ar a laghad a cheadú le ceadúnas oscailte den sórt sin. Ba cheart an ceadúnas oscailte a léiriú ar an saothar féin nó cibé áit a scaiptear an saothar. Acmhainní Oscailte Oideachais (OERanna) a thugtar ar ábhair oideachais a bhfuil ceadúnas oscailte acu.
Rannpháirtí i ngníomhaíochtaí lena mbaineann an tionscadal Erasmus+	Duine atá iomlán rannpháirteach i dtionscadal agus a d'fhéadfadh cuid de dheontas an Aontais Eorpaigh a fháil a bhfuil sé i gceist leis íoc as a gcostais rannpháirtíochta (go háirithe taisteal agus cothú).
Eagraíocht rannpháirteach	Eagraíocht nó grúpa neamhfhoirmiúil daoine óga atá rannpháirteach i dtionscadal Erasmus+, mar chomhordaitheoir nó mar chomhpháirtí.
Eagraíocht chomhpháirtíochta	is éard is eagraíocht chomhpháirtíochta ann eagraíocht atá rannpháirteach go foirmiúil sa tionscadal (comhthairbhíthe) ach nach nglacann ról an chomhordaitheora.

Comhpháirtíocht	Comhaontú idir grúpa institiúidí nó eagraíochtaí chun gníomhaíochtaí agus tionscadail chomhpháirteacha a dhéanamh.
Rannpháirtí ag a bhfuil deiseanna níos lú	Ciallaíonn daoine ag a bhfuil deiseanna níos lú daoine a mbíonn bacainní orthu ar chúiseanna eacnamaíocha, sóisialta, cultúrtha, tíreolaíocha nó sláinte, ó chúlra imirceach, nó ar chúiseanna eile amhail míchumas agus deacrachtaí oideachais nó ar chúis ar bith eile, lena n-áirítear iad sin as a n-eascaíonn idirdhealú faoi Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus cuireann na bacainní sin cosc orthu rochtain éifeachtach a fháil ar dheiseanna faoin gclár.
Piarfhoghlaím	Gníomhaíocht foghlama cómhálartaí atá tairbhiúil go frithpháirteach agus lena mbaineann comhroinnt eolais, smaointe agus taithí idir na rannpháirtithe. Cuireann cleachtais phiarfhoghlaím ar a gcumas dóibh idirghníomhú le rannpháirtithe eile agus lena bpiaraí, agus a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí inar féidir leo foghlaim óna chéile agus spriocanna oideachais, gairmiúla agus/nó forbartha pearsanta a bhaint amach.
Cuairt Ullmhúcháin	Cuairteanna ar thír na heagraíochta óstaí roimh thús na ngníomhaíochtaí soghluaisteacha chun ullmhú do na gníomhaíochtaí sin agus chun ardcháilíocht na ngníomhaíochtaí sin a áirithiú. Cuimsítear leo cúraimí chun socruithe riaracháin a éascú agus cur leis an muinín agus an tuiscint idir na heagraíochtaí lena mbaineann.
Forbairt ghairmiúil	An próiseas a bhaineann le feabhas a chur ar chumais ghairmiúla rannpháirtithe (foghlaimeoirí agus baill foirne) trí inniúlachtaí agus saineolas a fhorbairt agus scileanna nua a shealbhú, agus sainaitheann iad sin in anailís ar riachtanais forbartha go hiondúil. Cuimsítear le forbairt ghairmiúil gach cineál deiseanna foghlama, tréimhsí oiliúna struchtúrtha agus seimineáir agus deiseanna foghlama neamhfhoirmiúla ina measc.
Comhlacht brabúsach atá gníomhach sa Fhreagracht Chorporaídeach	Cuideachta phríobháideach a) a dhéanann a gnó i gcomhréir le caighdeáin eitice; agus/nó b) anuas ar a gníomhaíochtaí gnó, a dhéanann roinnt gníomhartha lena mbaineann luach sóisialta.
Tionscadal	Tacar comhleanúnach gníomhaíochtaí a ndeartar agus a n-eagraítear iad chun cuspóirí agus torthaí sainithe a bhaint amach.
Cáilíocht	Toradh foirmiúil ar phróiseas measúnaithe agus bailíochtaithe a fhaightear nuair a chinneann comhlacht inniúil go bhfuil torthaí foghlama bainte amach ag duine aonair go caighdeáin ar leith.
Ósteagraíocht	Eagraíocht rannpháirteach atá ag fáil rannpháirtithe agus ag eagrú gníomhaíochtaí do thionscadal Erasmus+.
Scoil	Institiúid ina gcuirtear oideachas ginearálta, gairmoideachas nó oideachas teicniúil ar fáil ar aon leibhéal idir oideachas réamhscoile agus oideachas meánscoile uachtaraí, lena n-áirítear oideachas agus cúram na luath-óige. Le hincháilitheacht a fhíorú faoin réimse 'oideachas scoile', féach an sainmhíniú ar scoileanna incháilithe i ngach tír ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Náisiúnta ábhartha.
Dalta scoile	Duine atá cláraithe i gcáil foghlama ag institiúid a sholáthraíonn oideachas ginearálta ar aon leibhéal ó oideachas agus cúram na luath-óige go dtí oideachas meánscoile uachtaraí, nó duine a fhaigheann a chuid scolaíochta lasmuigh de shuíomh institiúideach agus a mheasann na húdaráis inniúla a bheith incháilithe chun páirt a ghlacadh sa Chlár ina gcríocha faoi seach.

Eagraíocht seolta	Eagraíocht rannpháirteach a sheolann aon rannpháirtí amháin nó níos mó chuig gníomhaíocht de thionscadal Erasmus+.
Fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna)	Fiontair (féach an sainmhíniú thuas) a fhostaíonn líon is lú ná 250 duine agus ag a bhfuil láimhdeachas bliantúil nach mó ná EUR 50 milliún, agus/nó clár comhardaithe bliantúil iomlán nach mó ná EUR 43 milliún.
Fiontar sóisialta	Gnóthas, gan beann ar a fhoirm dhlíthiúil, nach liostaítear ar mhargadh rialáilte de réir bhrí Airteagal 4(21) de Threoir 2014/65/AE, agus: 1) i gcomhréir lena airteagail chomhlachais, lena reachtanna nó aon doiciméad reachtúil eile lena mbunaítear an gnólacht, arb é is príomhchuspóir dó tionchair shóisialta intomhaiste, dhearfacha a bhaint amach seachas brabús a ghiniúint le haghaidh a úinéirí, ball agus geallsealbhóirí, más rud é, maidir leis an ngnóthas: a) go soláthraíonn sé seirbhísí nó earraí nuálacha lena ngintear toradh sóisialta agus/nó b) go n-úsáideann sé modh nuálach táirgthe earraí nó seirbhísí agus go gcuimsíonn an modh táirgthe sin a chuspóir sóisialta; 2) go ndéanann sé a bhrabúis a athinfheistiú thar aon ní eile chun a phríomhchuspóir a bhaint amach agus go bhfuil nósanna imeachta agus rialacha réamhshainithe i bhfeidhm aige le haghaidh aon imthoisc ina ndéantar brabúis a dháileadh ar scairsealbhóirí agus úinéirí, lena áirithiú nach ndéanann aon dáileachán brabús dochar don phríomhchuspóir; 3) go mbainistítear ar bhealach fiontraíoch, cuntasach agus trédhearcach é, go háirithe trí ról a thabhairt d'oibrithe, custaiméirí agus/nó geallsealbhóirí dá ndéantar difear lena ghníomhaíochtaí gnó.
Baill foirne	Daoine atá páirteach ar bhonn gairmiúil nó deonach san oideachas, san oiliúint nó san fhoghlaim sheachfhoirmiúil ar gach leibhéal. Cuimsítear leis ollúna, múinteoirí (agus múinteoirí réamhscoile san áireamh), oiliúnóirí, ceannairí scoile, oibrithe don óige, baill foirne spóirt, baill foirne in oideachas agus i gcúram na luath-óige, baill foirne nach baill foirne oideachasúla iad agus cleachtóirí eile atá rannpháirteach ar bhonn tráthrialta i gcur chun cinn na foghlama.
Nasc reachtúil	Tugann an smaoineamh sin le fios go mbunaítear an comhar idir na heagraíochtaí lena mbaineann ar chaidreamh normalaithe/doiciméadaithe, nach bhfuil teoranta don tionscadal a ndéanann siad iarratas air ná nár bunaíodh chun é a chur chun feidhme amháin. Cumhdaíonn an nasc sin an-chuid cineálacha, ó cheann atá thar a bheith comhtháite (mar shampla 'máthaireagraíocht' amháin agus a brainsí náisiúnta/heintitis chleamhnaithe a bhfuil nó nach bhfuil eintiteas dlítheanach acu) chuig ceann atá níos scaoilte (mar shampla líonra a fheidhmíonn trí mhódúlacht comhaltais atá sainithe go soiléir a theastaíonn mar shampla: íocaíocht na táille, síniú de chonradh/chomhaontú comhaltais, sainmhíniú ar chearta agus ar oibleagáidí ón dá pháirtí, srl)
Cuairt staidéir	Turas ina bhfuil deis ag an rannpháirtí eolas a chur agus staidéar a dhéanamh ar eagraíocht nó institiúid eile, ar a cleachtais agus a córais. Cuireann sé ar a chumas don rannpháirtí eispéireas foghlama a fháil bunaithe ar theagmháil dhíreach agus ar bhreathnóireacht ar mhodhanna agus ar chleachtais na heagraíochta óstaí.

Tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár	Tíortha nach bhfuil iomlán rannpháirteach sa chlár Erasmus+, ach a fhéadfaidh a bheith rannpháirteach (mar chomhpháirtithe nó mar iarratasóirí) i nGníomhaíochtaí áirithe de chuid an chlár. Leagtar amach an liosta de thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár i gCuid A den Treoir seo, sa roinn ‘Cé atá in ann a bheith rannpháirteach i gClár Erasmus+?’.
Cúrsa oiliúna (socrúchán oibre)	Tréimhse a chaitear i bhfiontar nó in eagraíocht i dtír eile, d’fhonn inniúlachtaí sonracha atá de dhíth ar mhargadh an tsaothair a shealbhú, taithí oibre a fháil, agus tuiscint níos mó a fháil ar chultúr eacnamaíoch agus sóisialta na tíre sin.
Trasnáisiúnta	I gcomhthéacs Erasmus+, baineann ‘trasnáisiúnta’, mura léirítear a mhalairt, le haon ghníomhaíocht lena mbaineann dhá Bhallstát den Aontas agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár ar a laghad.
Scileanna trasnaí (boga; saoil)	Áirítear an cumas smaoineamh go criticiúil, a bheith fiosrach agus cruthaitheach, seasamh chun tosaigh, fadhbanna a réiteach agus oibriú i gcomhar, a bheith in ann cumarsáid a dhéanamh go héifeachtúil i dtimpeallacht ilchultúrtha idirdhisceplíneach, a bheith in ann oiriúnú don chomhthéacs agus déileáil le strus agus le héiginnteacht. Is cuid de na príomhinniúlachtaí iad na scileanna sin.
Uirlisí trédhearcachta agus aitheantais an Aontais	Ionstraimí a chuidíonn le geallsealbhoirí torthaí foghlama agus cáilíochtaí a thuiscint, a léiríthuisint agus, más iomchuí, a aithint ar fud an Aontais Eorpaigh.
Bailíochtú na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla	Próiseas deimhnithe ag comhlacht údaraithe gur shealbhaigh duine torthaí foghlama arna dtomhas in aghaidh caighdeán ábhartha agus cuimsítear leis na ceithre chéim shainiúla seo a leanas: 1.Eispéiris ar leith duine aonair a shainaithint trí idirphlé; 2.Doiciméadacht chun eispéiris an duine a dhéanamh infheicthe; 3.Measúnú foirmiúil ar na heispéiris sin; agus 4.Deimhniú thorthaí an mheasúnaithe lena bhféadfaí páirtcháilíocht nó cáilíocht iomlán a bhaint amach
Comhar fíorúil	Aon fhoirm comhair lena n-úsáidtear uirlisí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide chun aon ghníomhaíocht ábhartha de chuid an Chláir a éascú agus chun tacú leo.
Foghlaim fhíorúil	Eolas, scileanna agus inniúlachtaí a shealbhú trí úsáid a bhaint as uirlisí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a ligeann do rannpháirtithe taithí foghlama fóinteach trasnáisiúnta nó idirnáisiúnta a bheith acu.
Pacáiste Oibre	Comhpháirt ar mhiondealú oibre an tionscadail. Léiríonn sé grúpa gníomhaíochtaí tionscadail a dhíríonn ar chomhchuspóirí sonracha.
Daoine óga	I gcomhthéacs an chlár Erasmus+, daoine atá idir 13 bliana d’aois agus 30 bliain d’aois.

Ardoideachas

Rátáil	Tacar torthaí foghlama duine a ndearnadh measúnú orthu agus ar féidir iad a shealbhú chun cáilíocht a bhaint amach nó a aistriú chuig cláir foghlama nó cáilíochtaí eile.
Soghluaisteacht creidiúintí	Tréimhse theoranta staidéir nó cúrsa oiliúna ar an gcoigríoch atá leagtha síos laistigh de staidéir leanúnacha ag institiúid baile – chun críche creidiúintí a ghnóthú. Tar éis na céime soghluaisteachta, filleann mic léinn ar a n-institiúid bhaile chun a gcuid léinn a chur i gcrích.
Soghluaisteacht céime	Tréimhse staidéir ar an gcoigríoch a bhfuil mar aidhm leis céim iomlán nó deimhniú a bhaint amach sa tír chinn scríbe nó sna tíortha cinn scríbe.
Forlónadh Diplóma	Iarscríbhinn le doiciméadacht oifigiúil na cáilíochta, atá deartha chun eolas níos mionsonraithe a sholáthar ar an léann a cuireadh i gcrích de réir formáid chomhaontaithe a aithnítear go hidirnáisiúnta; doiciméad a ghabhann le diplóma ardoideachais, lena soláthraítear tuairisc chaighdeánaithe ar chineál, leibhéal, comhthéacs, inneachar agus stádas an staidéir atá curtha i gcrích ag an sealbhóir. Is iad institiúidí ardoideachais a sholáthraíonn an forlónadh de réir na gcaighdeán atá comhaontaithe ag an gCoimisiún Eorpach, ag Comhairle na hEorpa agus ag UNESCO. I gcomhthéacs comhchlár staidéir idirnáisiúnta, moltar ‘forlónadh diplóma comhpháirteach’ a eisiúint lena gcumhdaítear an clár ina iomláine agus é formhuinithe ag na hollscoileanna bronnta céime uile.
Céim dhúbailte/céim iolrach	(Ar a laghad) dhá dheimhniú céime ar leith a dhámhtar ar mhac léinn tar éis clár comhpháirteach a chur i gcrích go rathúil. Is éard is céim dhúbailte ann cineál sonrach ilchéime. Ní mór do gach céim a bheith sínithe ag údarás inniúil na hinstitiúide lena mbaineann, agus aitheanta go hoifigiúil sna tíortha ina bhfuil na hinstitiúidí bronnta éagsúla lonnaithe.
ECHE (Cairt Ardoideachais Erasmus)	Creidiúnú a bhronnann an Coimisiún Eorpach lena gcuirtear ar a gcumas d’institiúidí ardoideachais ó Bhallstáit den Aontas agus tíortha nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár a bheith incháilithe le hiarratas a dhéanamh agus a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlama agus comhair faoi Erasmus+. Féadfaidh institiúidí ardoideachais ó thíortha nach bhfuil san Aontas atá sna Balcáin Thiar agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár iarratas a dhéanamh ar ECHE chun críocha an Ghlaio ar Thograí maidir le Tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha, a bhfuil siad incháilithe ina leith agus féadfaidh ECHE a dheonú dóibh chun na gcríoch sin. Tá achoimre sa Chairt ar na bunphrionsabail ar cheart d’institiúid cloí leo chun soghluaisteacht agus comhar ardchaighdeán a eagrú agus a chur chun feidhme. Luaitear ann na riachtanais a dtoilíonn an institiúid iad a chomhlíonadh chun seirbhísí agus nósanna imeachta ardchaighdeán a áirithiú, mar aon le soláthar faisnéise iontaofa agus trédhearcaí.

ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna)	Córas foghlaimeoirilárnach le haghaidh sealbhú agus aistriú creidiúintí, bunaithe ar thrédhearcacht na foghlama, an teagaisc agus na bpróiseas measúnaithe. An cuspóir atá leis pleanáil agus soláthar clár staidéir agus soghluaisteachta foghlaimeoirí, agus measúnú orthu, a éascú trí cháilíochtaí agus tréimhsí foghlama a aithint. Córas lena gcuidítear le clár staidéir a dhearadh, tuairisc a dhéanamh orthu, agus iad a sholáthar, agus le cáilíochtaí ardoideachais a bhronnadh. Mar thoradh ar úsáid ECTS, i gcomhar le creataí cáilíochtaí bunaithe ar thorthaí, bíonn clár staidéir agus cáilíochtaí níos trédhearcaí agus éascaítear aithint cáilíochtaí.
Institiúid ardoideachais	Ciallaíonn sé institiúid ina dtairgtear, i gcomhréir le dlí nó cleachtadh náisiúnta, céimeanna aitheanta nó cáilíochtaí aitheanta eile ar leibhéal an oideachais threasaigh, gan beann ar an ainm a chuirtear ar an bhforas sin, nó institiúid inchomparáide tríú leibhéal eile a measann na húdaráis náisiúnta a bheith incháilithe chun páirt a ghlacadh sa Chlár ina gcríocha faoi seach.
Céim chomhpháirteach	Deimhniú céime aonair a bhronntar ar mhac léinn tar éis clár comhpháirteach a chur i gcrích go rathúil. Ní mór d'údaráis inniúla dhá cheann nó níos mó de na hinstitiúidí rannpháirteacha an chéim chomhpháirteach a shíniú agus ní mór an chéim a aithint go hoifigiúil sna tíortha ina bhfuil na hinstitiúidí rannpháirteacha sin bunaithe.
Cláir chomhpháirteacha	Cláir ardoideachais (staidéir nó taighde) a ndéantar agus a soláthraítear iad go comhpháirteach agus atá aitheanta go hiomlán ag dhá institiúid ardoideachais nó níos mó. Is féidir cláir chomhpháirteacha a chur chun feidhme in aon timthriall ardoideachais, is é sin, céim bhaitisiléara, máistir, dochtúireacht, nó fiú timthriall gearr. Féadfaidh cláir chomhpháirteacha a bheith náisiúnta (is é sin, nuair is as an tír chéanna do na hollscoileanna rannpháirteacha uile) nó trasnáisiúnta/idirnáisiúnta (is é sin, nuair a dhéantar ionadaíocht do dhá thír éagsúla ar a laghad i measc na n-institiúidí ardoideachais lena mbaineann).
Cláir staidéir aon timthrialla amháin	Cláir chomhtháite/fhada ar a mbronntar céim céad timthrialla nó dara timthriall agus, i dtíortha áirithe, ar fearr is féidir cur síos a dhéanamh orthu lena bhfad i mblianta seachas i dtéarmaí creidiúintí. I bhformhór na dtíortha sin, is i réimsí an leighis, na fiacloireachta, na tréidliachta, an altranaís agus an chnáimhseachais atá na cláir nach mbaineann le samhail céad timthrialla Bologna, agus bíonn 1-8 % de mhic léinn ag gabháil dóibh go hiondúil. 300-360 ECTS / 5-6 bliana fad ama na gclár comhtháite le haghaidh na ngairmeacha rialáilte go hiondúil, ag brath ar an ngairm rialáilte lena mbaineann.
Tríú timthriall	Leibhéal an tríú timthriall sa Chreat Cáilíochtaí le haghaidh Limistéar Eorpach an Ardoideachais a chomhaontaigh na hairí atá freagrach as an ardoideachas ag a gcruinniú in Bergen i mí na Bealtaine 2005 i gcreat phróiseas Bologna. Comhfhreagraíonn an tuairisceoir den tríú timthriall den Chreat Cáilíochtaí do na torthaí foghlama do leibhéal 8 den Chreat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF).

Printíseacht (Printíseach) ³³²	Gan dochar do théarmaíocht náisiúnta, tuigtear printíseachtaí mar scéimeanna gairmoideachais agus gairmoiliúna lena mbaineann: a) foghlaim a chomhcheangal in institiúidí oideachais nó oiliúna le foghlaim obairbhunaithe shuntasach i ngnólachtaí agus in áiteanna oibre eile, b) cáilíochtaí atá aitheanta go náisiúnta dá réir, c) bunaithe ar chomhaontú a shainmhíníonn cearta agus oibleagáidí an phrintísigh, an fhostóra agus, i gcás inarb iomchuí, na hinstitiúide gairmoideachais agus gairmoiliúna, agus d) íocaíocht nó cúiteamh eile don phrintíseach a chuimsiú maidir leis an gcomhpháirt obairbhunaithe.
EQAVET (an Creat Tagartha Eorpach um Dhearbhu Cáilíochta i nGairmoideachas agus Gairmoiliúint)	Uirlis tagartha don lucht ceaptha beartas bunaithe ar thimthriall ceithre chéim lena n-áirítear leagan amach spriocanna agus pleanáil, cur chun feidhme, meastóireacht agus athbhreithniú. Urramaítear ann neamhspleáchas rialtas náisiúnta agus is córas deonach é atá le húsáid ag údarás poiblí agus comhlachtaí eile a bhíonn ag gabháil don dearbhu cáilíochta.
Comórtais scileanna gairmoideachais agus gairmoiliúna	Imeachtaí eárnála idirnáisiúnta ina bhfuil léiriú iomaíoch scileanna ag foghlaimeoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna bunriachtanach chun taithí, fios gnó agus nuálaíochtaí teicneolaíochta sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint a chur chun cinn, a aithint agus a mhalartú. Tá na himeachtaí mar thoradh ar dhlúthchomhar idir gnólachtaí, soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna, comhlachais tráchtála agus geallsealbhoirí ábhartha eile arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar an tarraingteacht agus ar an mbarr feabhais sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, caighdeán oiliúna domhanda agus córais thagarmharcála a chruthú, agus tionchar a imirt ar thionscal, rialtas agus oideoirí trí chomhar agus trí thaighde. Tá sé mar chuspóir ag comórtais scileanna próifíl agus aitheantas daoine a bhfuil scileanna acu a mhéadú, agus tábhacht na scileanna maidir le forbairt eacnamaíoch agus rath pearsanta a bhaint amach. Deartar iad chun daoine óga a spreagadh chun páisean do scileanna a fhorbairt agus chun sármhaitheas a shaothrú, trí chomórtais agus trí phromóisin.

³³¹ Le haghaidh na téarmaíochta gairmoideachais agus gairmoiliúna uile, úsáid an foilseachán Cedefop oifigiúil: https://www.cedefop.europa.eu/files/4117_en.pdf

³³² <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32018H0502%2801%29>

Gairmoideachas agus gairmoiliúint (VET)	Tuigtear gairmoideachas agus gairmoiliúint mar oideachas agus oiliúint a bhfuil mar aidhm leo an t-eolas, na scileanna agus/nó na hinniúlachtaí is gá i ngairmeacha áirithe nó i margadh an tsaothair níos fairsinge a thabhairt do dhaoine óga. Féadfar é a sholáthar i suíomhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, ar gach leibhéal den Chreat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF), agus an leibhéal treasach san áireamh, más infheidhme. Chun críche Erasmus+, is incháilithe faoi ghníomhaíochtaí VET tionscadail ina ndírítear ar an ngairmoideachas nó ar an ngairmoiliúint tosaigh nó leantach.
Foghlaim i ngairmoideachas agus gairmoiliúint (VET)	Duine atá cláraithe ar chlár gairmoideachais agus oiliúna tosaigh nó leanúnach nó duine a bhain céim amach nó a fuair cáilíocht le déanaí as clár den sórt sin.
An obairbhunaithe fhoghlaím	Sealbhú eolais agus scileanna trí chúraimí a dhéanamh – agus machnamh a dhéanamh orthu – i gcomhthéacs gairme, san ionad oibre (amhail oiliúint sealaíochta) nó in institiúid gairmoideachais agus gairmoiliúna.

Oideachas aosach

Oideachas aosach	Gach foirm d'oideachas aosach nach oideachas gairme é, bíodh sé ina oideachas foirmiúil, seachfhoirmiúil nó neamhfhoirmiúil (féach 'VET' le haghaidh gairmoiliúint leantach).
Foghlaim fosta	Aon duine fásta, tar éis dó oideachas nó oiliúint tosaigh a chríochnú nó mura bhfuil baint aige leis a thuilleadh, a fhillann ar roinnt cineálacha foghlama leantaí nach foghlaim ghairme í (foghlaim fhoirmiúil, sheachfhoirmiúil nó neamhfhoirmiúil). Chun críche thionscadail Erasmus+, ní féidir féachaint ar bhaill foirne oideachasúla (múinteoirí, oiliúnóirí, oideoirí, baill foirne acadúla agus óige, srl.) in aon cheann de na hearnálacha Erasmus+ mar fhoghlaimeoirí fásta san oideachas aosach. Maidir le baill foirne atá nasctha go foirmiúil lena n-eagraíocht oideachasúil oibre (scoil, gairmoideachas agus gairmoiliúint, oideachas scoile, eagraíocht ardoideachais agus oideachais aosach, srl.), féadfaidh siad páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí le haghaidh baill foirne in earnáil ábhartha de chuid an chláir Erasmus+.

An Óige

Cóitseálaí	Duine acmhainne - seachas ball den ghrúpa – a thacaíonn le daoine óga chun a dtionscadal a ullmhú, a chur chun feidhme agus meastóireacht a dhéanamh air.
-------------------	---

Tógáil pobail	Cruthú nó feabhsú pobail i measc daoine aonair a bhfuil riachtanas nó leas coiteann acu nó a bhfuil eispéireas coiteann acu, rud a chruthaigh comhthuisctint. Grúpa beoga comhaltaí atá sa phobal a chruthaítear tríd an bpróiseas cruthaithe pobail, agus bíonn cleachtais agus smaointe maidir le forbairt bhreise á gcomhroinnt acu ar mhaithe leis an bpobal féin.
Sásraí idirphlé	Idirphlé le daoine óga agus eagraíochtaí óige agus cinneadóirí, is fóram do mhachnamh frithpháirteach leanúnach é ar thosaíochtaí, ar chur chun feidhme agus ar an obair leantach a bhaineann le comhar Eorpach i réimse na hóige.
Obair Dhigiteach don Óige	Na meáin dhigiteacha agus an teicneolaíocht a úsáid, nó aghaidh a thabhairt orthu, go réamhghníomhach san obair óige. Is féidir le meáin dhigiteacha a bheith mar uirlis, gníomhaíocht nó inneachar san obair óige. Ní modh oibre óige í an obair dhigiteach don óige, is féidir í a áireamh in aon suíomh oibre óige agus tá na spriocanna céanna aici le hobair óige go ginearálta.
Ceannaire Grúpa	I dtionscadail soghluaisteachta óige, is é is ceannaire grúpa ann duine fásta atá 18 mbliana d'aois ar a laghad a bhíonn páirteach i Malartú Ógra nó i nGníomhaíocht Cuimsithe DiscoverEU in éineacht leis na daoine óga rannpháirteacha chun foghlaim éifeachtach (Youthpass), cosaint, agus sábháilteacht a chinntiú dóibh.
Grúpa neamhfhoirmiúil daoine óga	Grúpa de cheathrar óg ar a laghad nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu faoin dlí náisiúnta is infheidhme, ar choinníoll go mbeidh an inniúlacht dhlíthiúil ag a n-ionadaithe oibleagáidí dlíthiúla a ghlacadh ar láimh thar a gceann. Féadfaidh na grúpaí daoine óga sin a bheith ina n-iarratasóirí agus ina gcomhpháirtithe de Ghníomhaíochtaí áirithe de Erasmus+. Chun críche an tsimplithe, comhshamlaítear iad le daoine dlítheanacha (eagraíochtaí, institiúidí, srl.) sa Treoir seo agus tagann siad faoi choincheap eagraíochtaí rannpháirteacha Erasmus+ le haghaidh ghníomhaíochtaí Phríomhghníomhaíocht 1 inar féidir leo a bheith rannpháirteach. Ní mór ceathrar óg ar a laghad a bheith sa ghrúpa, agus ba cheart dá n-aois a bheith i gcomhréir le haois fhoriomlán na ndaoine óga sa chlár (13-30). I gcásanna eisceachtúla agus más rud é gur mionaoisigh iad na daoine óga uile, féadfaidh duine fásta ionadaíocht a dhéanamh don ghrúpa. Ar an mbealach sin, d'fhéadfadh grúpa daoine óga (ar mionaoisigh iad uile) iarratas a chur isteach le cabhair ó oibrí óige/cóitseálaí.
Gníomhaíocht taistil	Gníomhaíocht a reáchtáiltear i níos mó ná tír amháin. Tuigtear le gníomhaíochtaí taistil gluaiseacht gach rannpháirtí san am céanna.
Obair Chliste don Óige	Forbairt nuálach oibre óige lena gcuimsítear cleachtas oibre digití don óige, agus lena n-áirítear comhchuid taighde, cáilíochta agus beartais.

Gníomhaíocht óige	Gníomhaíocht a dhéanann daoine óga, ina n-aonair nó mar chuid de ghrúpa, lasmuigh d'uaireanta scoile (amhail malartuithe ógra nó obair dheonach nó oiliúint óige), go háirithe trí eagraíochtaí óige, agus arb é a príomhthréith cur chuige seachfhoirmiúil maidir leis an bhfoghlaim.
Oibrí óige	Gairmí nó saorálai atá páirteach san fhoghlaim sheachfhoirmiúil agus a thacaíonn le daoine óga lena bhforbairt shochoideachasúil agus ghairmiúil phearsanta.
Youthpass	An uirlis Eorpach chun feabhas a chur ar aithint torthaí foghlama daoine óga agus oibríthe óige maidir lena rannpháirtíocht i dtionscadail a dtacaíonn an clár Erasmus+ leo. Is éard atá in Youthpass: a) deimhnithe ar féidir le rannpháirtithe iad a fháil i roinnt Gníomhaíochtaí den Chlár; agus b) próiseas sainithe lena dtacaítear le daoine óga, oibríthe óige, agus eagraíochtaí óige chun machnamh a dhéanamh ar na torthaí foghlama ó thionscadal Erasmus+ i réimse na hóige agus na foghlama seachfhoirmiúla. Tá Youthpass ina chuid freisin de straitéis níos leithne de chuid an Choimisiúin arb é is aidhm dó aithint na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus na hoibre óige san Eoraip agus lastall di a fheabhsú.

Spórt

Spórt an phobail	Gníomhaíochtaí fóillíochta coirp arna gcleachtadh go tráthrialta ar an leibhéal neamhghairmiúil ag daoine de gach aois, chun críoch sláinte, oideachais nó sóisialta
Baill foirne spóirt	Duine atá bainteach le teagasc, traenáil agus bainistíocht foirne spóirt nó lucht spóirt aonair, ar bhonn íoctha nó ar bhonn deonach